

Imleabhar a haon

Teideal an tráchtais: Scothsheanchas Sheáin na Cille Mhic Criomhthain

Ainm an mhic léinn: Seaghan Mac an tSionnaigh

Uimhir aitheantais: 0554243

Institiúid: Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach

Stiúrthóir: An Dr. Breandán Ó Cróinín

Dáta: 31 Lúnasa, 2017

Dearbhú

Leis seo a dhearbhaímse, Seaghan Mac an tSionnaigh, gur toradh mo shaothair féin atá san obair a chuirtear faoi bhráid na hollscoile sa tráchtas seo. Má baineadh úsáid as obair daoine eile, luadh a leithéid i dtagairtí de chuid an chórais Harvard agus sna fo-nótaí, agus sa liosta tagairtí ag cúl an tráchtais.

Seaghan Mac an tSionnaigh, 31/8/2017

Coimriú

Duine de na seanchaithe ba mhó a thug ábhar seanchais do Choimisiún Béaloideas Éireann ab ea Seán ‘na Cille’ Mac Criomhthain (1875-1955) ó Chill Maoilchéadair i gceantar Gaeltachta Chorca Dhuibhne. Os cionn míle mír seanchais idir fhilíocht, scéalta, stairseanchas agus amhráin a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh, Seán Ó Dubhda agus Caoimhín Ó Danachair ón gCriomhthanach thar tréimhse ní ab fhaide ná fiche bliain. Iarracht atá sa tráchtas dochtúireachta seo ar an stór béaloidis agus an cineál Gaeilge a bhí aige a shuíomh ina gcomhthéacs ceart laistigh de léann na Gaeilge agus laistigh de léann an bhéaloidis idirnáisiúnta araon.

Toisc líonmhaireacht an ábhair ar fad a bailíodh ón gCriomhthanach, is ar an seanchas a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh uaidh a díriodh sa tráchtas, agus aithnítear, dá bhrí sin, nach bhfuil anseo ach an chéad chéim i dtreo tuiscint cheart a bheith againn ar an saibhreas seanchais a bhí ag an seanchaí tréitheach seo.

Tugadh faoin méid sin a chur i gcrích trí chúlra an tseanchaí a scrúdú, scéal a shaoil a ríomh, cuntas a thabhairt ar an gcanúint phearsanta a bhí aige, agus eagrán dá chuid seanchais a chur i dtoll a chéile. Beidh toradh an tsaothair seo ina áis do lucht béaloidis, canúineolaíochta, staire agus socheolaíochta.

Clár an Ábhair

Imleabhar I

1. Scaoileadh na nod sa tráchtas	7
2. Réamhrá	8
3. Nóta buíochais	16
4. Saol Sheáin Mhic Criomhthain	19
I. Breith agus baisteadh	19
II. Fóid a shinsir	21
III. Saol pósta agus slua a shóisir	34
IV. Tréithe, cúraimí agus buanna	39
V. Comhthéacs cultúrtha: cúrsaí teanga, creideamh, ceol agus an Criomhthanach	47
VI. An Coimisiún agus an Criomhthanach: Cleachtais agus Comhluadar	59
VII. Seán Mac Criomhthain mar fhaisnéisí	91
VIII. Deireadh ré	97
5. Modh eagarthóireachta	103
I. Foghraíocht agus ortagrafaíocht	104
II. Poncaíocht	114
III. Comhréir agus intriachtaí	117
IV. An t-ainmfhocal	121
V. An aidiacht agus an dobhriathar	132
VI. An briathar	138
VII. An forainm	152

VIII.	An réamhfhocal	153
IX.	Na huimhreacha	165
6.	Léitheoireacht agus tagairtí	172
	 Aguisín 1: Gluaiseanna	 184
I.	Nóta ginearálta ar na gluaiseanna	184
II.	Focail agus frásaí Gaeilge nach dtugtar in FGB nó a mbaintear ciall neamhghnách astu	185
III.	Foirmeacha Gaelaithe d'fhocail agus d'fhrásaí ón mBéarla	194
IV.	Focail agus frásaí Béarla trí Ghaeilge Sheáin Mhic Criomhthain	195
V.	Logainmneacha agus leaganacha de logainmneacha a luaigh Seán Mac Criomhthain agus nach dtugtar in logainm.ie	198
VI.	Ainmneacha daoine	202
VII.	Ainmneacha ar ainmhithe agus ar rudaí neamhbheo	209
VIII.	Ainmneacha daoine a raibh teidil orthu	210
IX.	Leasainmneacha, sloinnte, agus ainmneacha neamhiomhlána	211
X.	Leaganacha ar leith d'ainmneacha agus de shloinnte	215
	 Aguisín 2: Catalóg de míreanna seanchais Sheáin Mhic Criomhthain i gcartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann	 217
	 Aguisín 3: Cineálacha scéil agus móitífeanna béaloidis a dtagraítear san eagrán seo dóibh	 239
	 Aguisín 4: MIREC-4 Rev 2 Application No. A16-013	 250

Aguisín 5: ‘Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanach’, eagrán de mhír a thras-scríobh Seán Ó Dubhda, bailitheoir béaloidis	251

Imleabhar II

1. Nóta ar an leagan amach	1
2. Clár na míreanna seanchais	5
3. Na míreanna seanchais in ord agus in eagar	26
4. Clár na rianta a fhaightear ar an dlúthdhiosca ‘Scothsheanchas Sheáin Mhic Criomhthain’	1001
5. Rianta an dlúthdhiosca arna dtras-scríobh	1006

Scaoileadh na nod sa tráchtas

AT, = Aarne agus Thompson, .i., *The Types of the Folktale*, (1981).

ATU, = Aarne, Thompson agus Uther, .i., *The Types of the International Folktales*, (2004). Leagan nua-shonraithe de **AT** thuas. Innéacs is ea é a cuireadh le chéile d'fhonn cineálacha scéalta béaloidis a rangú trí uimhreacha innéacs ar leith a chur le gach ceann acu maille le crostagairtí do leaganacha eile de na cineálacha pé áit ar domhan a mbíonn siad le fáil. Is uirlis ríthábhachtach dá bhrí sin é an **ATU** don bhéaloideasóir ar mian leis dul i mbun an taighde chomparáidigh.

CBÉ, = Coimisiún Béaloidis Éireann, .i., Cartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann.

EID, = *English-Irish Dictionary*, (De Bhaldraithe, 1987).

FGB, = *Foclóir Gaeilge Béarla*, (Ó Dónaill, 1977).

GCD, = *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, (Ó Sé, 2000).

IED, = *Irish-English Dictionary*, .i., *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*, (Dinneen, 1927).

MI, = *Motif-Index of Folk-Literature*, (Thompson, 1955-1958; c.f., leis, Cross, 1952).

SÓD, = Seosamh Ó Dálaigh, bailitheoir béaloidis.

TIF, = *The Types of the Irish Folktale*, (Ó Súilleabháin agus Christiansen, 1963). Tá na huimhreacha tagartha a bhaineann le **TIF** bunaithe ar chóras **AT**, agus dá bhrí sin, aon uimhir innéacs a luaitear le **TIF**, is féidir í a chuardach in **AT** agus **ATU** chomh maith.

§ = Mír seanchais atá in eagar in imleabhar a dó den tráchtas seo.



= Mír seanchais dá bhfreagraíonn taifeadadh fuaime atá le fáil ar an dlúthdhiosca.

Réamhrá

Is é is bunábhar don tráchtas dochtúireachta seo ná an t-éacht béaloidis a bailíodh ón seanchaí Seán Mac Criomhthain ó Chill Maoilchéadair i nGaeltacht Chorca Dhuibhne faoi choimirce Choimisiún Béaloidis Éireann sa chéad leath den fichiú haois. D'fhonn srian éigin a chur leis an eagrán seo atá toirtiúil mar atá, bheartaíos gan eagar a chur ach ar na míreanna seanchais a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh ón gCriomhthanach, cé nár chás a shonrú gurbh é Seán Ó Dubhda an té a chéadbhain amach an Criomhthanach i mí na Samhna 1928 (CBÉ, 1717: 116-126). Fiú leis an méid sin féin, ba ghá beagáinín a fhágaint ar lár – míreanna neamhiomlána a bhformhór, blúiríocha róbheaga seanchais cuid eile, athinsint ar mhíreanna a bhí scríthe síos cheana uaidh cuid bheag eile arís, agus roinnt gur insintí a bhí iontu nár measadh an seanchaí a bheith i mbarr réime agus é i mbun iad a thabhairt uaidh. Fágadh sé mhír is triocha ar lár de bharr gurbh é a bhí iontu ná focail amhrán nach gcuireadh an Criomhthanach aon ghuth orthu, agus nach raibh aon seanchas ag gabháil leo. ‘Seanchas’ is príomhchúram don tráchtas seo.

439 mír seanchais a d'fhógair Seán Ó Dubhda in CBÉ 1294: 87-104 a bheith bailithe ón seanchaí seo, figiúr a mheabhraigh Seán Ó Súilleabháin dúinn in *The Folktales of Ireland* (1999: 277). Bhí roinnt den mhéid sin i gcló cheana ag Seán Ó Dubhda féin in *Duanaire Duibhneach* agus *Béaloides* (c.f. 1933: 86-89, 97-98, 114-117¹; 1939: 245-288²; 1941: 116-125³; 1948: 85-89¹), agus

¹ Is iad na hamhráin atá i gceist ná ‘Amhrán Ghuistí i bPríosún Thrá Lí’; ‘Aithrí Ghuistí’; ‘Seán Mac Criomhthain agus Davis’; ‘Agallamh an dá mhada rua’. Is é Mícheál Ó Ruairic a leag ‘Aithris Guistí’, ‘Amhrán Ghuistí i bPríosún Thrá Lí’, agus ‘Agallamh an dá mhada rua’ ar Sheán Mac Criomhthain (1998: 27-29) – níl sé soiléir ó *Duanaire Duibhneach* féin gur ón gCriomhthanach a fuarthas na cinn dheireanach seo, ach tá an chuma ar an scéal go bhfuil an ceart ag Ó Ruairic mar go dtagann na leaganacha a tugadh in *Duanaire Duibhneach* leis na leaganacha a chuir sé go dtí an Coimisún agus ainm Sheáin Mhic Criomhthain aige leo.

² ‘Measgra ó Dhuibhneachaibh’ ba theideal don fhoilseachán seo. Aon mhír is triocha ar fad atá ann, idir chinn fhada agus chinn ghearra: ‘Bithiúnach Mullach Bhéal’; ‘Scéal an choibléaraí’; ‘Feirmeoir Uíbh Ráthaigh’; ‘An bhó bhán a cailleadh is ní hí an bhean’; ‘Cordaraí i dtóin fhircín ime’; ‘Beir chughat, a ghabhair bháin!’; ‘Fear bocht is burdán’; ‘Diarmuid Ó Broic, file, agus lucht na drochaighne’; ‘Cíos á dhíol le scríbh na hingine’; ‘Diarmuid Ó Broic is bean an tiarna’; ‘Diarmuid Ó Broic i gCorcaigh’; ‘Diarmuid agus an mapa’; ‘Sagart ina fhear bocht siúil’; ‘Fear agus bean leighis’; ‘Bean bhreuite agus bean leighis’; ‘Leigheas an linbh’; ‘An leigheas a bhí i scolb giúise’; ‘Scéal ar coileach’; ‘An buachaill agus an frog’; ‘Buchaill ón nGurrán agus cailín ó Léim Fhir Léith’; ‘Tórramh an spailpín’; ‘An bhean sí’; ‘Micí na gCloch’; ‘Micí na gCloch agus an stróinséir’; ‘An bhaintreach agus an báille’; ‘Cailín ag caoineadh a driothár’; ‘Cleamhnas á bhriseadh’; ‘Cleamhnas eile a bhriseadh’; ‘Treabhadóir an treanntaigh’; ‘Tuarasgáil ar Pheig Eoghain’;

³ ‘Eachtraí ar Dhónall Ó Conaill’ ba theideal don fhoilseachán seo: Is iad na heachtraí atá ann ná iad seo a leanas: ‘Dónall agus a hata’; ‘Dónall Ó Conaill agus an capall a bronnadh air’; ‘Bille cúig punt – fee consailéara’; ‘Dónall Ó Conaill ag teacht suas le céad punt’; ‘An dá bhlán’; ‘Bean an tí ósta agus Dónall Ó Conaill’; ‘Domhall Ó Conaill ag

roinnt eile cóirithe curtha os comhair an tsaoil i bhfoilseacháin le scoláirí eile mar atá *Folktales of Ireland*, *Dán is Céad ón Leitriúch*, *An Blas Muimhneach*, agus *Irische Märchen: Zum Erzählen und Vorlesen*. Ní mór tabhairt faoin ábhar go léir a bhailigh Seán Ó Dubhda a chur in eagar amach anseo le go mbeadh tuiscint chuimsitheach ar fad againn ar chorpas Sheáin Mhic Criomhthain.

D'ainneoin gurbh é Seosamh Ó Dálaigh an té ba mhó agus ba sheasmhaí a bhailigh ón gCriomhthanach, níor cuireadh pioc dar thras-scríobh sé uaidh in eagar riamh, fág as an t-aon mhír fhánach amháin, agus í sin trí mheán an aistriúcháin² amháin. Leigheasfear an ceal sin ach an tráchtas seo a theacht ar an bhfód. As an míle éigin mír seanchais ar fad a tógadh ó Sheán Mac Criomhthain, bhailigh an Dálach 558 mír ó mhí an Mheithimh 1944 go mí Eanáir 1951 – tréimhse fhada d'aon bheirt a bheith ag plé lena chéile. Bhí an Dálach i láthair leis don seisiún taifeadta a chuir Caoimhín Ó Danachair ar bun i mí Iúil 1948 nuair a bailíodh ceithre cinn déag de mhíreanna seanchais ó Sheán ina thigh féin ar an gCill (CBÉ, 1291: 6)³. Gné shuntasach den taighde a chuirtear ar fáil anseo, mar sin, is ea an caidreamh idir an bailitheoir agus an scéalaí faoi mar a nochtar dúinn é i gcáipéisí Choimisiúin Bhéaloideas Éireann. Ba as an gClochán do Sheán Ó Dubhda, ceantar mháthair Sheáin Mhic Criomhthain, ach mhair sé ina dhiaidh in aon pharóiste leis

comhrac le dé steár'; 'Buaidh Dhónaill'. Mar chuid de phlé ar Dhónall Ó Conaill sa traidisiún béal Gaelach in alt ar an ngreann Éireannach le James M. Cahalan, tagraíodh d'aistriúchán a foilsíodh in *Folktales of Ireland* le Seán Ó Súilleabháin (1999: 232-233) ar thras-scríobh Sheáin Uí Dhubhda d'insint Sheáin Mhic Criomhthain ar 'Dónall agus a hata' (Cahalan, 2005: 383-384). Ghabh an nóta seo a leanas leis an aistriúchán ar ar tugadh 'O'Connell Wears His Hat in Parliament: 'For many years, members of the Irish Party say in the British House of Commons as representatives of Ireland. The apocryphal story concerns that period. Motif: J1161, 'Literal pleading: letter of law has been met'' (1999: 273). D'aistrigh Seán Ó Súilleabháin ina theannta sin an leagan de 'Bean an Tí Ósta agus Dónall Ó Conaill' a fhaightear san eagrán seo de *Béaloideas* agus 'The Smell of Money for the Smell of Food' mar theideal ar a shaothar aistriúcháin (ibid: 233-234). Sholáthair Ríonach Uí hÓgáin buntéacs Gaeilge an tras-scríofa chéanna agus plé fada air in *An Rí Gan Choróin* (1984: 120-122). An leagan a thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh, dar ndóigh, atá le fáil san eagrán seo (§ 360 'Dónal Ó Conaill agus bean tig an ósta').

¹ 'Banríon na bPlainéad' an scéal a bhí i gceist.

² .i., 'An gabha a bhris an leathchoróin' a tras-scríobhadh le Seosamh Ó Dálaigh in § 311. CBÉ, 966: 313-316, é aistrithe faoin teideal 'The Blacksmith and the Horseman' agus foilsithe le Seán Ó Súilleabháin in *Folktales of Ireland* (1999: 253-254). Ní raibh ann, áfach, ach an t-aistriúchán Béarla den scéilín, agus faillí dá bhrí sin á déanamh ar an mbunábhar Gaeilge, fág as tagairtí a bheith déanta ag scoláirí éagsúla do lámhscríbhinní a bhreac an Dálach ón gCriomhthanach. Thug Pádraig De Brún téacs iomlán 'Fear ag lorg spáis chun cíosa', gan aon eagarthóireacht air, sa phlé a dhein sé ar 'Pé rí a bheas i gcoróin', amhrán dá raibh tagairt ag an gCriomhthanach i ndeireadh na hinsinte a thug sé ar an eachtra a spreag chumadh an amhráin (2001: 115-124). Téacs iomlán 'Triúr ar mhuin triúir' (§ 487. CBÉ, 968: 131-132) a sholáthair Barbara Hillers ar an gcuma chéanna agus aistriúchán Béarla dá cuid féin ina theannta mar chuid den phlé a dhein sí ar chúrsaí inscne sa traidisiún Gaelach (1995: 183-185), agus téacs iomlán 'An Slánaitheoir agus an Druncaeir' a tugadh in Ó hÉalaí, 2012: 229.

³ Is iad na taifeadtaí seo atá le clos ar an dlúthdhiosca.

an gCrimhthanach. Ba as Dún Chaoin do Sheosamh Ó Dálaigh, agus is gnách gur ar an rothar a dheineadh sé an turas sé chiliméadar déag aniar aduaidh go tigh Sheáin Mhic Criomhthain i gCill Maoilchéadair. Baineann roinnt de thábhacht an tráchtais seo leis an bhfírinne bheag thíreolaíoch seo, agus féadfar an tábhacht sin a thuiscint níos fearr le cuntas beag ar stair chanúineolaíocht na Gaeilge, chomh fada agus a bhaineann sé le Gaeilge Chorca Dhuibhne de.

Ag scríobh sa bhliain 1974 dó ar litríocht chanúineolaíocht na Mumhan mar chuid den réamhrá in *The Grammatical Structure of Munster Irish*, is é a dúirt Alan Ward ná gurbh é *Description d'un parler irlandais de Kerry* (1938) le M.L. Sjoestedt-Jonval an chéad tuairisc oibiachtúil a deineadh ar aon fho-chanúint de chuid Gaeilge na Mumhan (1974: 5). Is é an stádas a bhronn Seán Ua Súilleabháin ar fho-chanúint Chorca Dhuibhne fiche bliain níos faide ar aghaidh ná nárbh í ‘an Ghaeilge ghnáth-theanga chumarsáide an phobail ach in aon áit amháin i gCúige Mumhan anois, .i. in iarthar Chorca Dhuibhne’ (1994: 479). Ach más fada atá scoláirí Gaeilge agus lucht béaloidis ag triall ar dhúthaigh Dhuibhneach, is ar na Blascaodaí agus ar an míntír is giorra dóibh a bunaíodh formhór an eolais a scaipeadh i dtaobh chultúr an cheantair go nuige seo.

Ba as an taobh sin tíre do na pearsana is mó a shamhlaítear le litríocht Chorca Dhuibhne, cuirim i gcás, Peig Sayers, Tomás Ó Criomhthain, Muiris Ó Súilleabháin, Pádraig Ua Maoileoin, agus Séamus Beag Ó Lúing. Chomh maith leis sin, ba shamplaí ó chainteoirí as Iar-Dheisceart na leithinse ar fad geall leis a bhí ag Diarmuid Ó Sé sa tuairisc éachtach a scríobh sé sin ar chanúint Chorca Dhuibhne (Ó Sé, 2000: 7-8). Ar an dornán foinsí eile a luaigh Diarmuid Ó Sé i ndeireadh *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, bhí alt Liam P. Uí Mhurchú ‘Na Forainmneacha Réamhfhoclacha i gCorca Dhuibhne’. Ba ar ‘Ghaeilge mhuintir na Gráige agus Chloichir, an dá bhaile is sia siar i bparóiste an Fheirtéaraigh,’ a bunaíodh an éachtaint a soláthraíodh sa tuairisc chórasach úd a raibh de sprioc aici ‘pictiúr cruinn de na foirmeacha a labhartar sa chuid eile den pharóiste, i bparóiste

Dhún Chaoin thiar, i bparóiste Mhárthain theas, i bparóiste na Cille agus i bparóiste Múrach thuaidh' (Ó Murchú, 1983 :160).

Is léir mar sin go raibh an ceart ag Seán Ó Súilleabháin nuair a dúirt sé deich mbliana ina dhiaidh sin nár go cothrom a dáileadh obair na scoláirí ar Ghaeltachtaí na Mumhan mar sin, ach más fíor leis gur ar Chorca Dhuibhne is fearr a deineadh freastal (1994: 479), d'fhéadfaí a rá ina theannta sin arís nár go cothrom ach an oiread a deineadh freastal ar chanúint na leithinse ina hiomláine. Ní san Iar-Dheisceart ná é atá an scéal ar fad le fáil i dtaobh chanúint Chorca Dhuibhne, cuirim i gcás, agus leis sin, ní tógtha ar an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta a dúirt i réamhrá *An Mám ó Dheas* le Muiris Ó Scanláin, ceann de na foilseacháin is déanaí a chuir sé amach mar cheannaire ar An Sagart, go raibh sé thar am go dtabharfaí aitheantas d'éagsúlacht theangeolaíoch an Oir-Thuaiscirt (sa réamhrá aige in Ó Scanláin: 2009, 11). Bhí sé mar phríomhsprioc sa tráchtas seo más ea rud a dhéanamh, le cabhair Sheáin Mhic Criomhthain, ar achainí seo an Fhiannachtaigh a d'imigh ar shlí na fírinne uainn sa bhliain 2016 ar dheis Dé go raibh a anam uasal. Scothchainteoir ab ea Seán Mac Criomhthain a mhair thuaidh i gCill Maoilchéadair agus ceangal ar leith leis an Leitriúch aige (Mac Gearailt, 2010: 230), sa 'slios thoir thuaidh de Chorca Dhuibhne', (Ó Dubhda, 1933: 141). Ón uair gur tuigeadh dom, le nod ón Dr. Breandán Ó Cróinín, stór ollmhór seanchais a bheith bailithe uaidh, bhraitheas nárbh fhearr faisnéisí a gheobhfainn don togra taighde seo.

I bhfianaise an méid thuas, ní miste soiléiriú a dhéanamh ar spriocanna uile an tráchtas seo lenar shamhlaíos na haidhmeanna seo a leanas:

- (i) Eagrán den oiread agus ab fhéidir de mhíreanna béaloidis Sheáin Mhic Criomhthain a chur ar fáil i bhfoirm a bheadh soléite ag léitheoirí an lae inniu ach a bheith dílis san am céanna do chanúint phearsanta an tseanchaí agus dar foilsíodh go nuige seo ar chanúint Chorca Dhuibhne mar aonad (*Gaeilge Chorca Dhuibhne* le Diarmuid Ó Sé go mór mhór).

- (ii) Cúlra an tseanchaí féin a scrúdú, agus go háirithe an gaol a bhí aige le seanchaithe agus le scéalaithe eile (Mait Ghromail, Seán Jack, Peaits Dónaill agus Micí na gCloch Ó Súilleabháin, mar shampla) leis na bailitheoirí a dhein taifead ar a stór béaloidis (Seán Ó Dubhda, Seosamh Ó Dálaigh, agus Caoimhín Ó Danachair).
- (iii) Tagairt a dhéanamh ar chineál na scéalta a bhí aige i bhfianaise an ghrúpáil atá déanta ar mhíreanna béaloidis na hÉireann ag leithéidí Sheáin Uí Shúilleabháin agus Reidar Christiansen in *The Types of the Irish Folktale* (1963) agus ar mhíreanna béaloidis go hidirnáisiúnta in *The Types of International Folktales* le Hans-Jorg Üther (2004).
- (iv) An t-eolas luachmhar a thugann scéalta an tseanchaí seo ar chanúint Ghaeilge Chorca Dhuibhne a thabhairt le chéile, agus a phlé ar shlí chórasach theangeolaíoch i bhfianaise a bhfuil ar eolas againn cheana féin faoin gcanúint sin.

Is iad seo a leanas na céimeanna a tógadh i dtreo na spriocanna tráchtais thuas a bhaint amach:

- (i) Thugas faoina bhfuil ar fáil de sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain i gcartlann Choimisiún Bhéaloidias Éireann a léamh ina iomláine. Ós rud é go raibh taifeadtaí fuaime agus íomhánna den Chriomhthanach ar fáil sa chartlann chéanna, cuirtear iad seo ar fáil sa tráchtas le caoinchead ón gCoimisiún. Tá na taifeadtaí fuaime ar fáil ar dhlúthdhiosca a ghabhann leis an tráchtas, agus tá liosta na rianta atá ar an dlúthdhiosca sin mar aguisín i ndeireadh an tráchtais.
- (ii) Chuas trí nótaí na mbailitheoirí béaloidis Seosamh Ó Dálaigh agus Seán Ó Dubhda, na daoine ba mhó a bhailigh scéalta ó Sheán Mac Criomhthain agus a bhfuil trácht go minic acu air sna dialanna ar chuir an Coimisiún iachall orthu a choimeád. Is amhlaidh a bhí na dialanna seo fíorchabhrach maidir le héachtaint a fháil ar an saol a chaith an Criomhthanach, ar cá bhfuair sé na scéalta ar fad a bhí aige, agus cé na scéalaithe a raibh caidreamh aige orthu.

(iii) D'fhorbraíos modh éifeachtach eagarthóireachta i dtreo a ceart a thabhairt do chanúint an tseanchaí ach gan léitheoirí an lae inniu a fhágaint amach san am céanna.

(iii) Chuireas agallaimh ar dhaoine i gCorca Dhuibhne a raibh aithne acu ar an seanchaí nó a bhfuil cur amach acu air – Breandán Mac Gearailt, Bríde Nic Criomhthain agus ar dhuine amháin eile ón gceantar arbh fhearr leis nach luafaí a ainm. Chuireas an ghné seo den obair i gcrích de réir rialacha MIREC (féach Aguisín V) i gcónaí maidir leis na ceisteanna éagsúla eitice. Tá tábhacht le gné seo na hoibre ó thaobh an léargais a bheadh le fáil inti ar an seanchaí Duibhneach seo sa chomhthéacs sóisialta mar bhall de chomhphobal Chorca Dhuibhne¹.

(v) D'fhonn plé cuimsitheach a dhéanamh ar na gnéithe is spéisiúla den teanga a thagadh chun solais de réir mar a bhí an t-ábhar á chur in eagar agam, bhaineas leas leanúnach as na foinsí uile atá againn ar chanúint Chorca Dhuibhne agus ar chanúintí na Mumhan trí chéile.

(v) Dheineas iarracht seanchas Sheáin Mhic Criomhthain a shuíomh ina chomhthéacs ceart trí léitheoireacht fhairsing a dhéanamh ar na leabhair is tábhachtaí i nua-léann an bhéaloidis, léann na Gaeilge, agus sa léann Éireannach trí chéile. Choimeádas i dteagmháil leis na goirt seo ar feadh an phróiséis trína bheith ag freastal ar chomhdhálacha, mar chainteoir agus mar éisteoir. . Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Elaine Gleeson ó Scoil na nIarchéimithe a chuir airgead ón gclár maoinithe do chomhdhálacha thar lear ar fáil dom dhá bhliain as a chéile. Cheadaigh sé dom an plé ar Sheán Mac Criomhthain a thabhairt go dtí an Fhrainc bliain amháin² agus ar ais go Québec i mbliain eile³.

Is léir ón méid sin thuas, mar sin, gur saothar idirdhisciplíneach a bhí sa togra taighde seo, a chuirfidh bunábhar anois ar fáil don bhéaloideasóir, don chanúineolaí, don sochtheangeolaí, don

¹ Tá macalla sa bhfocláíocht anseo as an méid a dúirt Ian Ó Catháin faoin obair eitneagrafaíoch a dhein sé i dtaca lena chuid taighde féin ar scéalaíocht Chonamara (2011: 7).

² Comhdháil 'Construction / déconstruction des identités linguistiques' in Université Paul Valéry III, Montpellier, as ar tháinig foilseachán ar Sheán Mac Criomhthain agus ar bhéaloideas na hÉireann a bhfuil 'Convictions et contradictions : analyse de l'opposition à la reconstruction de la langue irlandaise' mar theideal air (Mac an tSionnaigh, 2017).

³ Comhdháil 'Transcending Interdisciplinary Frames' i Scoil an Léinn Éireannaigh i gCeanada, Montréal: <https://goo.gl/kzWAOK>.

staraí sóisialta agus dá thuilleadh eile nach iad. Tabharfar cur síos ag an bpointe seo ar leagan amach an tsaothair seo ar deineadh dhá imleabhar de.

Is é atá sa chéad chaibideal, mar sin, ná cuntas fada ar shaol Sheáin Mhic Criomhthain, ar a dhúthaigh dúchais le linn dó a bheith ag maireachtaint inti, agus ar thréithe na tréimhse i stair chultúrtha na hÉireann a d'fhág gur caomhnaíodh a stór seanchais go buan a bhuí le dúthracht bhailitheoirí béaloidis Choimisiún Bhéaloidis Éireann.

Tá léiriú sa dara caibideal ar an modh eagarthóireachta a d'fhorbraíos go cúramach agus an stór seanchais Sheáin Mhic Criomhthain á léamh agam. Tá léargas tábhachtach le fáil sa chaibideal seo dar liom, ní hamháin ar conas tabhairt faoi eagar a chur ar théacsanna béaloidis na Gaeilge, ach chomh maith leis sin, ar fho-chanúint spéisiúil an tseanchaí Dhuibhnigh seo.

I ndeireadh an imleabhair seo, gheobhfar liosta na bhfoinsí agus rannóg na n-aguisíní. I measc a bhfuil istigh i rannóg na n-aguisíní, tá liosta de na cineálacha scéil agus móitífeanna béaloideas a dtagraítear san eagrán seo dóibh. Tá ina theannta sin sraith gluaiseanna a chabhróidh leis an léitheoir tuiscint a fháil ar fhocail agus ar thagairtí áirithe atá le fáil trí sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain sa saothar seo. Tá i ndeireadh ar fad catalóg chuimsitheach chróineolaíoch ar fáil dá bhfuil de stór seanchais Sheáin Mhic Criomhthain i gcartlann Choimisiún Béaloidis Éireann.

Is é an stór seanchais féin arna chur in eagar agamsa le cabhair an modha eagarthóireachta atá in imleabhar a dó. Deineadh an t-ábhar seo a scagadh de réir sheánraí na míreanna éagsúla béaloidis a thug Seán Mac Criomhthain leis óna athair go mór mhór, óna phobal dúchais, agus óna thaithí féin. Is féidir a rá dá bhrí sin go bhfuil leagan amach na coda seo den tráchtas ag teacht a bheag nó a mhór leis na gnáis idirnáisiúnta a bunaíodh ar an gcóras grúpála ATU a dhear Antti Arne, Stith Thompson agus Hans-Jörg Uther, d'fhonn míreanna béaloidis a rangú ar shlí chorásach eolaíochtúil.

Bhí tábhacht le gné seo na hoibre de bharr, mar a scríobh Bo Almqvist, go bhfuil sé ‘mar thréith láidir ag an mbéaloideas a bheith náisiúnta agus idirnáisiúnta san am céanna. D[á] bharr seo, ní chomhlíonann cnuasach béaloidis na haidhmeanna atá leis mura mbíonn nótaí cuí leis. I measc rudaí eile, tá sé i gceist leis seo gur cheart tagairtí a tabhairt do leaganacha eile de na scéalta, chun gur fusa is féidir dul i mbun an taighde chomparáidigh’ (1976: 7). I ndeireadh ar fad a gheofar an dlúthdhiosca ar a bhfuil ceithre cinn déag de thaifeadtaí ar ghuth Sheáin Mhic Criomhthain le fáil, maille le tras-scríobh ar an méid sin.

Ba í ‘in ainm Dé agus Mhuire, an deá-fhocal agus an deá-rún’ (Mac Seáin, 2016: 1) a deirtí i dTeileann Chontae Dhún na nGall roimh thabhairt faoi shaothar d’aon sórt, agus is í a chinn Pádraig Mac Seáin a chur isteach mar an chéad abairt sa mheascra de sheanchas Shéarlaí Mhic Anna atá ar fáil sa chnuasach *Séarlaí Mac Anna agus Mé Fhéin*. Dealraíonn sé go raibh a leithéid de bheannacht réamhshaothair cómónta ar fud na tíre tráth, agus ar an gcuma chéanna, ‘seo in ainm Dé’ is cuimhin le Seán Mac Criomhthain a bheith á rá ag seanchleas Chill Maoilchéadair le linn dóibh cur chun aon saghas oibre (§207 | CBÉ, 1178: 499-539). Tá mo chúram féin anois déanta. Ó thuaidh!

Iothla an Scotch,
Meitheamh 2017.

Nóta buíochais

Táim go mór faoi chomaoin ag muintir Chorca Dhuibhne a d'éascaigh ón tús dom greim a fháil ar an nGaeilge, agus a thug dom an spreagadh agus an fonn le tabhairt faoi thráchtas den chineál seo. Chabhraíodar ina dhiaidh sin liom é a chur i gcrích ar shlíe gur ghá tráchtas eile ar fad le míniú beacht a thabhairt orthu.

Ba dheas í an deis a thug an tráchtas seo dom a thuilleadh aithne a chur ar scothchainteoirí ón dúthaigh mar Bhríde Nic Criomhthain a chuaigh faoi agallamh agus a thug cuntas uaithi ar a hathair críonna scéalach, agus ní mór buíochas leis a thabhairt do Helen Ní Shé, scoth craoltóra, faoi mé a chur i dtreo Bhríde mé an chéad lá. Duine eile gur ghá a lua anseo ná Breandán Mac Gearailt a scríobh ar an mbeirt Sheán Mac Criomhthain agus a chuaigh i gcomhairle Bhríde i dtaca lena chuid taighde féin ar amhránaíocht Chorca Dhuibhne.

Bhí an-seans liom gur fhéadas tarraingt as saibhreas Mhicheál “Toose” Mac Gearailt a réitigh mórán cruacheisteanna foclóra a tháinig aníos agus próiseas na heagarthóireachta idir lámhaibh agam. Níl aon teora leis an méid eolas atá ag an Dr. Breandán Ó Cíobháin ar a dhúthaigh féin agus ar mhóran dúthaí eile, agus ba mhór an chabhair a thug sé dom ó thaobh gnéithe d'ainmeolaíocht Chorca Dhuibhne a bheachtú sa tráchtas seo.

Táim buíoch leis d'fhondúireacht Ionad an Bhlascaoid, do Chomharchumann Chorca Dhuibhne, agus do Leabharlann Phoiblí an Daingin, a sholáthair ionaid oibre agus seirbhísí éagsúla eile dom. Táim faoi chomaoin ag an Dr. Tomás Ó Murchú gur mó léargas a thug sé dom i dtaobh teanga agus litríocht Chorca Dhuibhne agus gur mhór an tairbhe don tras-scríobh a chluasa géara Gaelacha.

Gabhaim buíochas le foireann Chnuasach Bhéaloideas Éireann a threoraigh tríd an gcartlann mé, agus a bhí sásta gach tacaíocht a bhí de dhíth orm a chur ar fáil.

Tá focal buíochais ag dul do Morgan Carparelli, innealtóir fuaime a chuir caoi ar na taifeadtaí fuaime a chuir Cnúasach Bhéaloideas Éireann ar fáil dom sa tslí is go bhfuilid anois ar an dlúthdhiosca a ghabhann leis an tráchtas seo. Tá buíochas leis tuillte ag Antoine Malette, leabharlannaí agus scoláire Québécois, a dhein moltaí ciallmhara ó thaobh leagan amach an tráchtais, go mór mhór ó thaobh na catalóige atá curtha le chéile agam mar cuid den togra seo ar sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain. Léirigh Séamus Barra Ó Súilleabháin suim riamh i mo chuid oibre agus fáiltíodh roimh a chuid moltaí a tháinig go fial gan iarraidh chugham.

Táim buíoch d'Éanna Mac Cába agus don Dr. Billy Mag Fhloinn a léirigh suim i mo chuid oibre agus a mhol agus a sholáthair léitheoireacht chuí dom. Sholáthair an Dr. Tracey Ní Mhaonaigh sleachta as foclóir éachtach Sheáin Óig “a’ Chóta” Caomhánach, *Croidhe Cainnte Ciarraighe*, agus táim go mór faoina comaoín. Léigh Seanán Mac Aoidh, scéalaí, dréacht den tráchtas seo, moltaí ciallmhara á soláthar aige ar feadh an ama, agus freagraí cliste á dtabhairt aige ar cheisteanna eile uaim. Chuir moltaí agus freagraí Eoin P. Uí Mhurchú go mór le feabhas a chur ar rann na ngluaiseanna.

Go raibh maith ag Coláiste Mhuire Gan Smál a mheall abhaile ó Québec mé leis an duais dochtúireachta a cheadaigh dom mo chuid fuinnimh a dhíriú ar chúrsaí taighde an fhad a bhí an tráchtas á scríobh agam. Tá buíochas ag dul do leabharlann Choláiste Mhuire Gan Smál agus Elizabeth Brosnahan go mór mhór a chuireadh micreascannáin chartlann Choimisiún Béaloidis Éireann ar fáil dom, agus tá buíochas eile ag dul do Jim Coleman a thug tacaíocht dom ó thaobh an dlúthdhiosca a ullmhú le cur sa tráchtas.

Bhí Maura Cronin sásta roinnt den téarmaíocht Bhéarla a bhíodh in úsáid ag Seán Mac Criomhthain agus a bhain go dlúth leis an naoú haois déag a mhíniú go soiléir dom. Tá Roibeard Ó Cathasaigh ina fhathach i léann béaloidis na Gaeilge, agus is trína mhodúlса béaloidis i mbliain a dó den fho-

chéim i gColáiste Mhuire Gan Smál dom a bhí sé de phribhléid agam aithne a chur i dtosach air. Anuas ar na foilseacháin eagsúla atá tagtha óna dhúthracht anuas chughainne ar spéis linn béaloideas na Gaeilge, bhí a chluasa agus a chomhairle ar fáil go fíal dom i rith an tsaothair seo, agus sinn ag comhrá le chéile ar ábhair idir shaothair saoithe eile agus ghnéithe eile den saol mór.

Beidh mé go buíoch beannachtach go deo den Dr. uasal Breandán Ó Cróinín a tharraing Seán Mac Criomhthain anuas ar dtús dom i mí na Nollag 2013. Tá Breandán tar éis a bheith mar stiúrthóir agam ó thionscnamh bhliain deiridh na bunchéime, tríd an tráchtas Máistreachta, agus as sin go dtí an taighde dochtúireachta seo ar chomhairligh sé go cairdiúil máistriúil mé tríd ó thús go deireadh. Thosnóinn ar thogra taighde eile ar fad faoina stiúir maidin amárach d'fhonn gan gnás an chruinnithe sheachtainiúil a scaoileadh uaim.

Saol Sheáin Mhic Criomhthain

Breith agus baisteadh

Is é 1875 is minice a thugtar mar bhliain bhreithe (Mac Gearailt, 2010: 230; CBÉ, 1331: 552) don Duibhneach a dtabharfaimid Seán Mac Criomhthain air. Tá an bhliain 1873 luaite leis chomh maith (CBÉ, 1577:194), agus thuairiscigh daonáireamh na bliana 1901 é a bheith in aois a cheithre bliana is fiche, rud a thabharfadh le tuiscint gur in 1876, nó in 1877, fiú amháin, a saolaíodh é (Daonáireamh na hÉireann, 1901). Chun a thuilleadh mearbhaill a chur ar an mbeathaisnéisí díograiseach, is seacht mbliana déag ar fhichead a leag daonáireamh na bliana 1911 ar Sheán mar aois, fíric a d'fhágfadh gur in 1874 nó 1875 a tháinig sé ar an saol (Daonáireamh na hÉireann, 1911). Bhain ‘solúbthacht’ lena ainm chomh maith. ‘Seán Mic Criomhthain’ an “ainm iomlán” a bhaist an tAthair Éigin an chéad lá air riamh más féidir géilleadh do thuiscint an tseanchaí féin ar an scéal a chloiseadh sé óna athair féin faoin ócáid stairiúil sin ar an mBuailtín (§103 | CBÉ, 979: 51-56):

An lá a baisteadh mise, Sullivan anso thíos an t-athair baistí, agus a dheirfiúr an mháthair-bhaistí. Father Éigin a bhí ann.

“Gadé an ainm a thabharfar ar an leanbh so?” arsa Father Éigin.

“Seán,” arsa m’athair.

“Tabharfam ‘Seán Mic Criomhthain ó Chill Maoilchéadair’ air,” arsa é sin, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Focal ársa é ‘Criomhthann’, ar an gcéad dul síos, gur ‘sionnach’ ba chiall fadó leis (Bergin, 1930: 95)¹. Míniú éagsúil béaloideasúil ar shanasaíocht a shloinne a bhí ag Seán féin áfach:

Bean a bhí ann, agus Úna ab ainm di, agus bhí mac aici, agus d’fhás sé suas ana-thapaidh. Ní fheaca éinne riamh a leithéid eile le haoirde, agus is é an ainm a baisteadh air, Cleith Úna, agus as san a tháinig na Criomhthanaigh, (§352 | CBÉ, 982: 11-13).

Tá de thacaíocht bhreise ag an hipitéis seoigh úd gur fhás Seán Mac Criomhthain suas le bheith ina

¹ c.f. ‘crimthin(n)’ in eDIL a luaitear ‘cremthann’ mar leagan malartach de: <http://dil.ie/12943>

fhear ard caol é ina dhiaidh sin. ‘John Mc Crohin’ a thug daonáireamh na bliana 1901 air (Daonáireamh na hÉireann, 1901), ‘John Crohan’ atá i ndaonáireamh 1911 (Daonáireamh na hÉireann, 1911), agus ba é ‘John McCrohan’ an leagan a greannadh ar leac na huaighe i ndeireadh thiar. Ba é tuairim chiallmhar Bhreandáin Mhic Gearailt, áfach, ná gurbh é lucht déanta na huaighe faoi ndeara ‘John McCrohan’ a bheith ann (Mac Gearailt, 2016), seachas aon ghean ar leith a bheith ag an gCrimhthánach ar an leagan galldaithe dá ainm. ‘(Mh) a(c) Crimhthainn [*>Crithin*] an ceart’ a d’fhógair Seán Ó Coileáin i dtaca le fear an oileáin, fág gur ‘Ó Crimhthainn ab fhearr le Tomás a thabhairt air féin i gcónaí riamh’ (Ó Coileáin, in Ó Crimhthain 2002: vii), agus ba é Seán Ó Crimhthain a roghnaigh sé sin a thabhairt ar a mhac dá réir. Idir ‘Sheán Mac Crimhthain’ agus ‘Sheán Ó Crimhthain’ a fhaightear i gcáipéisí Choimisiún Béaloideas Éireann i dtaca le príomhphearsain an tráchtas seo, gur shínte i bhfad Éireann amach é a ghaol le Crimhthánaigh an oileáin má bhí a leithéid i gceist in aon chor. Faightear, leis, ‘Seán Crithin’ mar leagan a bhí chomh cómónta mar ainm sa cheantar gur taibhsíodh an grinníú grinn seo a leanas do Bo Almqvist agus memoriam á scríobh aige tar éis bháis don ‘Dochtúir’ Seosamh Ó Dálaigh, arbhailitheoir béaloidis arbh fhearr aithne air mar ‘Joe Daly’:

Bhí de shuibhreas béaloidis ar fáil gur mhinic do Joe ag bailiú ó scéalaithe nach amháin gur chomhfheabhas dóibh ach gur chomhainm féin dóibh. Cuir i gcás, Seán Crithinó Chom Dhineoil agus Seán Crithin na mórcháile ó Chill Mhaolcéadair, (Almqvist, 1993: 11).

‘Seán Crithin’ a bhaist Seán ar dhuine dá chlann mhic ina dhiaidh, ‘Seán Crithin’ eile arís ab ea a athair roimis, agus ‘filí na Cille’ a thug Mac Gearailt air féin agus a athair mar bheirt. De ghrá an idirdhealaithe, mar sin, a thug an Gearaltach ‘Seán Óg’ ar an té atá faoi thrácht anseo, ‘Seán Mór’ á thabhairt aige ar a athair siúd (Mac Gearailt, 2010: 230), nós a bhíodh ag Seán Ó Dubhda chomh maith (CBÉ, 1713: 7), bailitheoir béaloidis a mhair ó 1878 go dtí 1963 agus a bhí ar comhaois dá bhrí sin le Seán Óg, agus aithne aige ar a athair. ‘Ar an gCill’ a rugadh Seán Mór sa bhliain 1826 (CBÉ, 1352: 343)’, agus a athair sin, Pádraig Mac Crimhthain, b’as Uíbh Ráthach dó dar lena ndeir Seán Óg linn:

Ó timpeall Uíbh Ráthaigh a tháinig na Criomhthanaigh. Thánadar go Mám Cúlach ar dtúis. M'athair críonna an chéad duine acu a tháinig anso. Ina chliamhain isteach a tháinig sé anso, (§378 | CBÉ, 1035: 432-435).

Logainm ar leith is ea Cill Maoilchéadair, agus níorbh eol do Thomás Ó Máille, ollamh, a leithéid d'áitainm a bheith baistithe ar aon bhall eile sa tír. Is iondúil gur 'ainm pearsa chluíteach as stair na Críostaíochta' a chuirtear i ndiaidh na míre 'Maol' i logainmneacha (Ó Máille, 1990: 58-63)., agus go deimhin, creidtear go forleathan gur in ómós do 'Maolcethair' a ainmníodh an sáipéal ón dara haois déag ar tugadh a ainm don sáipéal agus do Chill Maoilchéadar mar pharóiste sibhialta. Bhí a mhalairt de mhíniú ar an scéal ag Ó Máille in alt leis a foilsíodh in irisleabhar Chumann Seanchais Ard Mhacha, áfach:

Samhlaím leis de hipitéis go bhfuil *céadar* féin ina iasacht ó *cēdrus* "saedar" na Laidne, agus gur siombal don Chroich Chéasta é san ainm *Mael Cétair* / *Maoil Chéadair*... Ar chaoi eile, isé [sic] an *saedar* an pháirt ba mhó is ab airde d'ámaid uile na Croiche nuair a sáifí ina seasamh Í. Arís, isé an *saedar* an t-ámad ba mhó a bhain do cholainn [á]r dTiarna nuair a síneadh ar an gCroich é, (Ó Máille, 1990: 58-63).

Míniú éagsúil béaloideasúil arís a bhí ag Seán Mac Criomhthain ar 'Cill Maoilchéadair' mar logainm. D'eachtraigh sé do Sheosamh Ó Dálaigh, mar shampla, faoi thráthnóna a ghabh díograiseoir Gaeilge go dtí an Chill agus gur chuir sé ceist ar Sheán Mór cén bhrí a bhí le 'Maoilchéadair' mar mhír in ainm na háite:

"Maol – chéad – fhear," arsa m'athair leis.

Is dealraitheach gurb é an chéad fhear a cuireadh ann é, (§405 | CBÉ, 979: 64).

Fóid a shinsir

Pé sanasaíocht a bhaineann lena hainm, is in aice na sean-Chille luath-Éireannaí¹ seo dar leasainmníodh iad is ea a tógadh an bheirt seo d'fhilí na Cille. Timpeall le dhá chéad coiscéim ó

¹ 'the ruined church with the roof that was built out of stone'. c.f. dán Béarla a chum Kerry Hardie sa mhachnamh di ar an sáipéal céanna: 'Kilmalkedar Church, Co. Kerry', *The Poetry Ireland Review*, Uimh. 47 (Fómhar - Geimhreadh, 1995), lth. 5.

thuaidh ó sháipéal Chill Maoilchéadiar a chífear Fothrach Bhreandáin (Westropp, 1891), agus go deimhin, tá an suíomh luaite le Naomh Breandán chomh maith (Champneys, 1910: 25). Tá an Chill féin lonnaithe i bhfoisceacht bheag do sháipéal Protastúnach an Chlocháin Dhuibh a dtugtaí an Steeple nó ‘an Teampall Gallda’ air (§420 | CBÉ, 1035: 330-332), fírinne stairiúil a d’fhág gurbh é ‘Dúthaigh na Súpanna’ an teideal a bhaist sagart ar an áit nuair a d’inis Seán Mór Mac Criomhthain dó cérbh as dó féin (§424 | CBÉ, 968: 432-439). Mhíneodh an cur síos sin ar shuíomh beacht thigh na gCriomhthanach líon ard míreanna seanchais a bheith sa chnuasach seo ina bhfuil plé iontu ar shagairt, ar mhinistí agus ar chúrsaí creidimh, agus méid seo a leanas a shásódh meon coimeádach na linne ina eiseamláir dá bhfuil i gceist leis sin:

Níor dh’fhág an sagart aon phioc den tig gan coisreacan agus do dhein dhá C[h]aitlicí bhreátha dhon Sasanach is dá bhean, agus níor fhéachadar ar aon mhinistir an chuid eile dá saol, is do mhaireadar go sítheach grách an chuid eile dá saol, (CBÉ, 621: 47-52).

Ar an láimh eile, is mó mír eile ina bhfuil cáineadh ar shagairt leis, agus cuntas níos déanaí sa chaibideal ar roinnt gnéithe den seanchas sin. Tá ceist an chreidimh réitithe ó shin, agus tigh lóistín anois á dhéanamh den Steeple le tráth scríofa an tráchtais seo (Kelliher, 2016). Maidir le suíomh beacht na gCriomhthanach féin, tá soiléiriú le fail sa mhéid seo ó Sheán Ó Dubhda:

Lá na Faoillí, 1940

Tá gort Uí Cow, an gort, crúb na bó, go mbíodh an ghlas gaibhneach, an bhó a bhí ag na manaigh, ar féarach suas ó thig an Chriomhthanaigh, idir é is na gáirdíní. Is ann a fuairtheas an chloch go raibh rian crúib na bó inti, agus rian mhaide an bhithiúnaigh fé chré. Bhí rian an dá chrúb sa chloich, ach bhí ceann acu briste ag an ord sarar tugadh fé ndeara é. Bhí iomar d’uisce coisricthe in aice leis an gcloich sin¹... Tá crúb na bó is an iomar chun coimeádta istigh sa chlaí ag mac [Sheáin Óig], (CBÉ, 1115: 29).

¹ I gcomhrá a bhí againn lá sa Díseart i nDaingean Uí Chúis, dúirt an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta, ar dheis Dé go raibh a anam uasal, gur cuimhin leis lá lena óige gur tugadh ar thuras chun na Cille é, gur bhuail le Seán Mac Criomhthain, agus gur taispeánadh dó cloch dhiamhair éigin ar dealraitheach í leis an gcur síos anseo ó Sheán Ó Dubhda.

Luíonn sé le céill i bhfianaise an méid dhéanaigh sin go mbeadh trácht ar an nglas ghaibhneach ó Sheán Óg againn in §403 | CBÉ, 967: 54-55, agus tá míreanna iomlán seanchais againn ar Chill Maoilchéadair go ginearálta uaidh a bhuí le hobair bhailithe an Dubhdaigh (CBÉ, 621: 24; CBÉ 1373: 213). Bhíodh agus tá fós mórán crann i limistéar na gCriomhthanach, rud a spreag an breithiúnas seo a leanas ó pheidléir a thug cuairt ar an áit sa bhliain 1944: ‘Ah,’ arsa é sin, ‘trees are very good around a house, they don’t leave in any disease’ (§170 | CBÉ, 936: 560-561). Ón dúchas mar sin a tháinig meas a bheith ag muintir na Cille ar thórdhreach agus ar phiseoga an fhóid dúchais. D’fhág an dearcadh sin go mbíodh an-leisce ar na Criomhthanaigh cur isteach in aon slí ar a dtimpeallacht, agus tá sé seo le haithint ar an méid seo a leanas a dúirt Seán maidir lena bheith ag tabhairt lámh chúnta do chara leis cóiriú a dhéanamh ar uaigh a bhí i dteampall na Cille:

[Tháinig] a athair go ndéanfadh sé *repairing* ar an uaigh. Chuas féin ag cabhrú leis. Thógamair aníos an comhra. Thug m’athair íde ghráiniúil orm féin ina dhia’ san i dtaobh é a dhéanamh. Dúirt sé gur raobadh roilige é, (§348 | CBÉ, 966: 31-36).

Is léir áfach go raibh comhthéacsanna ann ina gceadaítí a leithéid de chóiriú a dhéanamh:

B’fhéidir ná fuil éinne suas anois go bhfuil a fhios aige cad é an ainm atá ar an gcláí, ach agamsa, Cláí an Bhréagaire, agus tá an tobar in aice leis. D’ól [m’athair] deoch bhreá don dtobar, agus tuigeadh do gurb é an deoch é ba bhreátha a dh’ól sé riamh. Do bhí an tobar lán nínéail ghorm, agus do ghlan sé amach an tobar. Fuair sé scothán fraoigh, agus do scuab sé go maith é... ach deireadh sé i gcónaí go raibh leigheas insa tobar, Tobar na Saileach, agus faid a bhí sé ábalta ar dhul ar an gcnoc, níl aon bhliain ná téadh sé, agus ghlanadh sé an tobar, (§381 | CBÉ, 977: 245-2460).

Tá sliocht eile againn ó Sheán Ó Dubhda agus fianaise eile arís ar an tuiscint chéanna istigh ann ó thaobh meas a bheith ag an duine ar a thimpeallacht:

Lá na Faoillí, 1940

Tá cloch eile san áit chéanna agus tugtar an tAsailín uirthi... Léimeadh Tadhg Ó Sé, seanuncail

[Sheáin Óig] an tAsailín i gcoinne an chnoic, is é ina gharsún ag dul ar an gcnoc... Ba dhóbaire í sin a bheith briste, marbh, ag duine muinteartha don Seana-Chriomhthanach, Muiris de Lóndraigh ón Leitriúch, lá a bhí sé ag briseadh cloch ina theannta, ach stop an Criomhthanach é nuair a bhí cúpla stiall don ord tairrigthe ar an asailín, (CBÉ, 1115: 29).

Is ea, bhí gaolta ag Seán Mór thoir sa Leitriúch. Le Máire Ní Chonchubhair ón bhFaiche sa Chlochán a phós Seán Mór ar an 2 Feabhra 1856, agus mar a thuairiscigh Breandán Mac Gearailt, bhí deartháir léi seo darbh ainm dó Pádraig Ó Conchubhair pósta le Fathartach ó Chill Choimín Mór, Caisleán Ghriaire (Mac Gearailt, 2010: 230). Ba é Jim Ó Ruairc (§29 | CBÉ, 977: 260-261) ó Mhurorgán, Bréanainn a phós deirfiúr le Máire darb ainm Caitríona (Mac Gearailt, 2010: 230). Is mó tagairt don cheantar céanna atá le fáil ar feadh stór seanchais a mic dá bharr sin – ba í Caitríona thuasluaite príomhphearsa na heachtra a bhfuil insint in §484 | CBÉ 936: 404-407 uirthi faoin teideal ‘Bean Thaobh an Chnoic agus an fothram sa tig’. Sa Leitriúch atá Taobh an Chnoic, agus tá sé suimiúil nach ‘Conchubharaigh’ a thugadh Seán Mac Criomhthain ar a ghaolta ón gceantar sin sna míreanna seachais a fhaightear san eagrán seo, ach mar ‘Cathaíoraigh’¹ agus míniú ar an bhfeiniméan sin againn ó Sheán Ó Dubhda in *Duanaire Duibhneach*:

Bhí leasainm ar gach treibh des na Conchubharaigh, mar do bhí a lán treabh acu ann. Na Guistí an treibh gur díobh an file. Seachas na Guistígh, bhí Cathaoirigh, na Ladhraigh, na Bánaigh, na Mantaigh, na Gaibhnigh, na hAodhanaigh, is mar sin dóibh, ar fuaid Chorca Dhuibhne, ach táid na hainmneacha san ag dul as aithne anois, (1933: 85).

Bhí insint ag Seán Ó Dubhda ar oíche a ghabh Seán Mór féin go dtí an Faiche ar thuairisc Chathaíoraigh an Leitriúigh, ach gur bhuail sé ann le ‘bean snímh ann ná raibh a sárú sa Leitriúch chun amhrán’. Ba ghearr go raibh sé ina chomórtas idir an bheirt amhránaithe:

Lá na Faoillí, 1940

I gcaitheamh na hoíche dhóibh, do bhuail dream éigint geallchart fuiscí síos as an

¹ c.f. § 394. CBÉ, 981: 359-361 mar ar luaigh Seán go raibh gaol aige le muintir Uí Shúilleabháin, § 336. CBÉ, 967: 102-104 mar ar luaigh sé go raibh gaol aige le muintir Mhic Mhathúna, agus CBÉ, 967: 108-11 mar ar luaigh sé go raibh sín-seanathair aige darbh ainm dó Dónall Mór Ó Sé.

mabanabharsaigh, agus as an gCrimhthanach, féachaint cé acu ba mhó go raibh amhráin acu. Scaoileadh an comórtas ar siúl ar gach re amhrán, agus arsa é sin, is é ceart an fhir tosnú leis an gcéad cheann. Do chuir fear maith builín ina hucht d'fhonn misnigh a chur uirthi. Ach i gcionn stáir, do chonacthas dóibh ná beifí réidh ar maidin lá arna mháireach ná tráthnóna, b'fhéidir, agus socraíodh ansan ar gach ré ceathrúna as an amhrán chéanna. Bhíodar faid gach n-fhaid mar sin go raibh a mheon véarsaí ráite acu. D'fhiarthaigh an Crimhthanach di, an raibh “Na Gleanna” aici. Is aici a bhíodar go slachtmhar. Ar deireadh thiar, nuair a bhí gach gleann fuirsithe, do thairrig an Crimhthanach bhéarsaí as amhrán eile, Drom Eanaigh:

Cnoicín Ard Phádraig, go brách ná tabhair liomsa,
ná an Garráinín gránna, ná fásann an dair chumhra ann,
marab ionann is Drom Éanaigh na mbánlag,
mar ar gnáthach fir ag súgradh.
Agus coillte ar bhrúach na trá ann,
mar a mbíonn bláth ar chrannaibh cumhra.

Bhuaigh sé uirthi, agus is gránna an tsúil a chas sí mar nár buadh go dtí san uirthi.
Chuir sí go beilt an chlaímh é, (CBÉ, 1115: 22).

Bhain na daoine seo leis ‘an slíos thoir thuaidh de Chorca Dhuibhne’ mar a raibh ‘trá tubaisteach dulta ar an nGaeilge sa cheantar’ agus ‘lúb sa tslabhra briste’ faoi theacht an fichiú aois dar le Seán Ó Dubhda arbh as an áit dó féin (1933: 141). Bhí Cnoc Bréanainn ina sheasamh go dána mar bhacainn idir an Chill agus an slíos thoir thuaidh úd, ach a bhuí leis an gceangal pósta a bhí ag a athair leis an Leitriúch, agus an gaol fola a bhí aige féin leis an áit dá bharr a ‘mhuintir chríonna-sa thíos i bhFatha’ (§335 | CBÉ, 936: 547-549), bhí eolas ag Seán na Cille ar cheantar breac-Ghaeltachta an Leitriúigh, agus aithne aige ar na scéalaithe a bhí suas ann lena linn. Bhí aithne aige ar Sheán Jack, mar shampla, fear ó Thír i bParóiste an Chlocháin ónar bhailigh Seosamh Ó Dálaigh chomh maith (§346 | CBÉ, 966: 31-36), agus is léir go raibh cur amach aige ar stór a chomhscéalai:

Is mór an t-ionadh liom mara raibh cuir síos age Seán Jack air, (§346 | CBÉ, 966: 31-36).
Bhí fear thíos ar ché an Leitriúigh fadó, agus is dealraitheach go raibh sé go maith as. Is dócha gur chualais Seán Jack ag eachtraí air nuair a bhís thíos ann, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313).

Bhí roinnt de dhúchas tearc an Leitriúigh ar iompar ag Seán Óg mar sin, agus an t-eolas a bhí bailithe ag Seosamh Ó Dálaigh ina thaobh curtha ar fáil sa chnuasach seo. Bhailigh an Dálach

uaidh, mar shampla, insint ar an eachtra thuasluaite inar ghlac a athair páirt i gcomórtas amhránaíochta ann:

Bhí m’athair thíos insan Leitriúch fadó i dtig mo sheana-mhuintire, agus do bhí bean ann ag sníomh. An-amhránaí ab ea í, ach do cuireadh geall síos aisti i gcoinne m’athar ag amhrán. “Bhuel,” arsa m’athair léi, “má théimid ar gachara amhrán, ní bheadh deireadh ráite ar maidin againn, ach an t-amhrán atá agatsa, agus agamsa. Téimist ar gachara ceathrú, agus an té go mbeidh an cheathrú deireanach aige, bíodh an geall aige” (§393 | CBÉ, 968: 221-223).

Bhí roinnt de cheathrúna an Léitriúigh ag Seán Óg féin chomh maith. Bhailigh Seosamh Ó Dalaigh beagán uaidh den amhrán thuasluaite, ‘Na Gleannta’, agus é sin le fáil in §393 | CBÉ, 968: 221-223 chomh maith. An méid dar bhailigh Seán Ó Dubhda uaidh de stór amhrán an Leitriúigh, bhí sé ina fhianaise thábhachtach do Mhícheál Ó Ruairc, fear léinn eile ón taobh céanna tíre, agus *Dán is Céad ón Leitriúch* (1998) idir lámhaibh aige, mar shampla¹. Bhí oiread tábhachta leis an amhránaíocht i saol Sheáin Mhoir gur fágadh gan beann é ar phiseog áitiúil an-suaithinseach ó thaobh amhrán a rá istoíche:

Dúirt a mháthair leis agus é ag imeacht gan é bheith dhon mhí-ádh orthu aon amhrán a rá, ná raibh sé ceart aon amhrán a rá istoíche. Ar a shon san, nuair a bhraith m’athair an chéad doras á oscailt, shéid sé suas amhrán, (§345 | CBÉ, 1035: 325-327).

Idir shólás agus shásamh a thugadh na hamhráin dá athair, agus dealraíonn sé gurbh é an freagra a bhíodh aige ar aon tubaiste a bhaineadh dó ná amhrán meidhreach éigin a shéideadh suas dó féin. Bhí fianaise ag a mhac ar an méid sin:

Tháinig rud éigin ar an gcráin, agus cailleadh í, agus cailleadh an dá cheann déag do bhanbhaí. Ansan amuigh sa tseana-thig a bhí m’athair an uair sin, agus nuair a ghaibh duine dos na

¹ Is iad ‘Aithris Guistí’ (1998: 15), ‘Amhrán Ghuistí i bPríosún Thrá Lí’ (1998: 18-19), agus ‘Agallamh an dá mhada rua’ (1998: 27-29) na hamhráin a leagann Mícheál Ó Ruairc ar Sheán Mac Criomhthain (1998: 135-142) in *Dán is Céad ón Leitriúch*, agus cé nach bhfuil sé seo soiléir ó *Duanaire Duibhneach* é féin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an ceart ag Ó Ruairc mar go dtagann na leaganacha a tugadh in *Duanaire Duibhneach* leis na leaganacha a chuir sé go dtí an Coimisún agus ainm Sheáin Mhic Criomhthain aige leo.

comharsain isteach tráthnóna, agus an chráin, agus na banbhaí curtha i bpoll talún aige, nuair a ghaibh Peaidí Sullivan isteach, bhí sé istigh roimis ar a chathaoir, agus a chos ar a leathghlúin aige, agus scol amhráin á chasadh aige.

“Mhuise, is ait an duine bocht tú,” arsa Peaidí Sullivan, “nú cad é an sórt aigne atá agat, agus do chuid imithe, agus tú ag amhrán?” (§148 | CBÉ, 936: 435-436).

Níorbh fhada gur cailleadh a bhean chéile Máire leis. Dealraíonn sé ó roinnt den seanchas atá againn a bhuí le Breandán Mac Gearailt gur aistríodh a corp siúd ar ghuaillibh fear go Barr na Conrach, turas sé chiliméadar déag ón gCill, agus thug gasra eile ón Leitriúch í go dtí an Clochán mar ar adhlacadh í (Mac Gearailt, 2010: 230). Tá mír seanchais againn ó Sheán Óg ar an mbás óg a bhain dá mháthair chomh maith (c.f. §380 | CBÉ, 979: 150-152), agus ar chuma na cránach agus a cuid banbhaí sa mhír thuas, níorbh fhada i ndiaidh bhás Mháire ach an oiread a mhair aon duine dá chuid deartháireacha agus deirfiúracha faoi mar is róléir ón gcuid eile den chuntas truamhéalach a thug Seán Óg ar chomhrá a athar le Peaidí Sullivan:

“Tá na leanaí fós timpeall orm a Pheaidí,” ar seisean.

Ar ndóthair, ní fada a bhí. Cailleadh nach aon duine clainne leis ina dhia’ san ach mise.

(§148 | CBÉ, 936: 435-436).

Sin é a mhíníonn an tagairt do ‘na báiseanna go léir a bhí imithe’ mar chuid den seanchas a bhí ag Seán Óg i dtaobh an amhráin ‘Is fada mé ar buaireamh’ in §424 | CBÉ, 968: 432-439:

Do bhí m’athair ag rá an amhráin sin lá, gan éinne istigh ach é fhéin, d’fhonn an aimsir a chiorrú dho féin, ná beadh sé ag cuimhneamh ar na báiseanna go léir a bhí imithe. Do ghaibh fear siúl isteach, agus do sheasamh sé ag an ndoras. Nuair a bhí an t-amhrán críochnaithe aige:

“B’fhearr liom,” arsa an fear siúil, “go mbeinn istigh nuair a thosnaís é sin.”

“Mara bhfuil aon deabhadh mór ort,” arsa m’athair leis, “suigh anso ar an gcathaoir, agus tosnódsa dhuit aríst é.”

Do shuigh an fear bocht ar an gcathaoir, agus do shín m’athair a phíp chuige.

“Bí á tharrac san,” arsa é sin, “faid is beidh mé á rá.”

Rug sé ar an bpíp, agus faid is bhí sé ag rá an amhráin, níor dhearg sé an phíp. Ach nuair a bhí

an t-amhrán ráite aige:

“Ní fhéadfainn an majority ar fad a thabhairt duit,” arsa é sin, “ar fhear eile a chuala ag rá an amhráin sin, ach idir [an] bheirt agaibh athá sé, n’fheadar ciacu agaibh go ndéanfainn rogha dho.”

“Níl aon ghuth maith agamsa,” arsa m’athair leis, (§424 | CBÉ, 968: 432-439).

Is léir ón gcuntas deireanach sin óna mhac air gur bhain idir fhéile agus uaisle íseal leis an bhfear mór amhrán seo, ainneoin ar fhulaing sé. ‘Dream séimh saothíúil dea-iompair, dea-mheabhrach go raibh meon uasal acu ab ea iad’ an cur síos a thug Seán Ó Dubhda ar na Criomhthanaigh (CBÉ, 1115: 21), ach bhí insint ag Mac Gearailt ar eachtra a chuir an gomh dearg ar Sheán Mór. Mhínigh an Gearaltach gurbh amhlaidh a bhí Davis, múinteoir, ina shuí lasmuigh den scoil ghallda a bhí béal dorais le Seán Mór, tar éis do shagart é a bhriseadh as a phost dá bharr é a dhul leis an ‘*soup*’. Is ar an méid sin a chraobhscaoil ‘diablóir éigin don sagart áitiúil’ go raibh iníon leis an Sean-Chriomhthanach mór le Davis, agus go mbíodh sí sa tigh aige. Dúirt Mac Gearailt nach raibh aon rian fírinne sa mhéid sin, ach tá an chuma ar an scéal gur chreid na sagairt an ráfla. Buaileadh Seán Mór breoite idir an dá linn, agus nuair a glaodh ar Athair Éigin, ‘nóir fhág sé thoir ar Chriomhthain é’ (Mac Gearailt, 2010: 230). Ghoill an eachtra ar an Sean-Chriomhthanach, go mór mhór ón uair go ndealraíonn sé go raibh caidreamh maith ar an morgóir aige leis na sagairt pharóiste:

Féach Father Grffin a bhí anso thiar turas a bhí *stations* anso thíos sa tseana-thig. Bhí sé a d’iarraidh go gcuirfaí ar an mbord m’athair in aonacht leo, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Is i muinín an cheoil arís a chuaigh athair Sheáin agus amhrán á chumadh aige chun dul i ngleic leis an éagóir a dhein na sagairt ina dhiaidh sin air – is é ba thoradh leis an eachtra ar deireadh ná an t-amhrán ar ar thug an Gearaltach ‘Davies’ mar theideal air ina chnuasach siúd (Mac Gearailt, 2010: 230; c.f. chomh maith §392 | CBÉ, 968: 175-180). Is léir go gcleachtaíodh na hamhránaithe seo a gceird le dúshlán a thabhairt, ní hamháin dá chéile, ach don ord áitiúil leis. ‘Laochra’, a thug an

Gearaltach orthu siúd ‘a chum na hamhráin, agus a fhág mar oidhreacht luachmhar againn iad,’ (ibid, xii).

Ba é Seán Óg an duine ab óige den mhuirear, ‘deireadh an áil¹’, ‘scríobadh an chrúiscín²’, nó gamhain seantairbh, mar dhea, gan sa tigh ach é féin agus a athair tar éis ‘na [m]báiseanna go léir’ a d’fhulaing filí na Cille laistigh d’achar an-ghearr ama. D’fhág sé seo gurbh air a leagfaí mar chúram ‘oidhreacht luachmhar’ na Cille a chur ar aghaidh. Cúram eile a thit ar Sheán ná cúram an tí, sa tslí is go raibh an gnó sin á dhéanamh ‘chomh maith le bean’ aige ar deireadh, rud a thug Seán Ó Dubhda faoi deara agus é ar chuairt chuchu (CBÉ, 621: 190). Is cosúil ón méid a deir Seán féin níos déanaí linn i dtaobh nósmaireachtaí na háite ná go mbíodh drochmheas ar a leithéid: ‘Ba é an tig cúram na mná. Bheadh drochmheas ar fhear a dhéanfadh bÁCáil ná níochán ná beiriú’ (CBÉ, 981: 395). Toradh níos dearfaí a bhí ar an tubaiste a bhain dá mháthair ná gur chuir sé aithne níos fearr ar a athair dá bharr, sa tslí is nár mhór ‘an t-eolas ná na scéalta is na hamhráin a bhí aigena athair ná go [raibh] aige féin’ dar le Seán Ó Dubhda (CBÉ, 621: 184). Óna chuid siblíneach a tháinig roinnt eile den oidhreacht chuige, agus is deartháir dó, mar shampla, a ainmníodh mar fhaisnéisí don scéal ‘Gile Gréine’:

Ní rabhas ach cúig mbliana ach a gcuala é sin, is tá sé agam ó shin, agus táim glan trí bliana agus trí fichid anois. Chuala age deartháir a bhí agam é, (§471 | CBÉ, 967: 490-500).

In aois a leathchéid a bhí an t-athair nuair a saolaíodh Seán Óg, agus is é ‘Seana-Sheán’ is príomhábhar do cheann amháin de na míreanna ón gcatalóg dá reir sin – ‘Seanchas ar Sheana-Sheán Criomhthain, seanchaí’. Mar fhreagra ar fhiosrúcháin Sheosaimh Uí Dhálaigh ar conas gur rángaigh na heachtraithe ar fad a bheith ag an athair, is é seo a leanas a dúirt Seán Óg:

¹ .i., na focail a d’úsáid Tomás Ó Criomhthain agus a áit féin sa teaghlach á mheá aige dó féin sna chéad línte de *An tOileánach* (2002: 1).

² Dála Sheosaimh Uí Dhálaigh leis, dhealródh sé: ‘An duine clainne ab óige a bhí ag an Sean-Mháistir ná Seosamh, nó Joe, mar a b’fhearr aithne air, a saolaíodh mí na Nollag 1909, an seachtú, ‘scríobadh an chrúiscín,’ mar adeireadh sé féin’, (Ó Dubhshláine, 2000: 249).

Éirim a bheith aige iontu, agus seandaoine a bheith timpeall, agus is mú áit a thugadh sé geábh, síos chuinn an Leitriúigh nú mar sin. Ní cuimhin liom aon dior oíche ná beadh duine éigint againn. Lucht siúil, (§398 | CBÉ, 981: 537-544).

Agus in áit eile:

Ní raibh aon teora leis an lucht siúil a bhíodh ag imeacht fadó. Thagadh ana-chainteanna bhuathu, (§315 | CBÉ, 1151: 224).

Ní mór an t-eolas eile a thugadh Seán Óg dúinn i leith an lucht siúil seo. An áit as a dtagaidís is mó a deirtear linn, agus is eol dúinne dá bhrí sin gurbh ó Thiobrád Árann a tháinig duine acu (§446 | CBÉ, 968: 272-275), gur gréasaí ó Chill Airne ab ea duine eile acu (§357 | CBÉ, 977: 407-408), mar shampla, agus gur ón Leitriúch a ghabh seandaoine eile (§120 | CBÉ, 979: 37-41). Duine eile acu, is é a dúirt Seán faoi ná nach ‘raibh aon fhocal aige, ach “welta gu moy”, pé brí a bhí leis’, agus is é an bhrí a shíl Seosamh Ó Dálaigh a bheith leis ná go mb’fhéidir ‘gur ‘bhfuil tú go maith’ i gcanúint Chúige Chonnacht é’ (§398 | CBÉ, 981: 537-544). Is annamh mar sin a luadh ainm an té a tháinig mar fhear siúil, fág as Con Coghlan (CBÉ, 977: 247-248) agus Gearán Ó Drisceoil (§287 | CBÉ, 977: 423-427), mar shamplaí aonair. Faisnéisí siúlach ab ea Máistir Footcroft a bhfuil trácht thairis in ocht gcinn de mhíreanna sa chnuasach seo (§123 | CBÉ, 936: 408-410; §76 | CBÉ, 965: 53-56; §49 | CBÉ 967: 284; §387 | CBÉ, 968: 155-156; §185 | CBÉ, 1035: 333-335; §64 | CBÉ, 1035: 347-352; CBÉ, 1151: 266-270; §419 | CBÉ, 1201: 195-210). Fágfaimid faoi Sheán féin cuntas a thabhairt dúinn mar gheall ar an Sasanach seo a bhí de shíor ag tarraingt ar thigh na gCriomhthanach (§387 | CBÉ, 968: 155) agus a chuir go mór le stór seanchais fhilí na Cille sa tslí sin:

Fear ana-dheas ab ea é ar a shon é a bheith ina Shasanach. Is dócha go bhfuil chúig mbliana is dathad ó bhí sé anso. Bhí sé timpeall lé trí fichid an uair sin. Bhí Éire ar fad siúltha aige, ag imeacht ag múineadh scoileanna. Bhí sé féin is a bhean ann, agus beirt leanbh. Scrígh sé chúm tréis an áit seo a dh’fhágaint, agus is é áit go raibh sé ná thíos i *County Down* an uair sin. Níl aon scéal a bhíodh ar an bpáipéar ná niseadh sé dom, (§123 | CBÉ, 936: 408-410).

Ta léargas sa mhéid a duirt Ríonach Uí hÓgáin faoi insint an tSean-Chriomhthanaigh de §360 ‘Dónal Ó Conaill agus bean tig an ósta’ ar na féidearthachtaí a bhíodh ann ó thaobh gnéithe de sheanscéal ar leith a chur in oiriúint do chúinsí comhaimseartha polaitíochta agus an traidisiún á chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile:

Is sampla an-mhaith an scéal seo d’úsáid na seanscéalta, agus de iad a chur in oiriúint don ócáid-sa chás seo d’Ó Conaill. Tá mórán leaganacha eile den scéal ann atá cláraithe in TIF ach ní luaitear ainm Uí Chonaill iontu. Bheifí ag súil b’fhéidir, le níos mó leaganacha a mbeadh ainm Dhónaill Uí Chonaill iontu, ó tharla go luaitear a ainm leis an scéal ar chor ar bith. Tharlódh sé gurb iad na seanchaithe, nó athair Sheáin [Mhic Chriomhthain] i gCiarraí... a rinne Ó Conallú ar an scéal agus nár scaipeadh an insint áirithe seo mar nár cheap an pobal go raibh an insint oiriúnach do Dhónall nó go raibh scéalta eile a thug léiriú níos fearr ar an gcunsailéir¹, (Uí hÓgáin, 1984: 120-122).

Ón uair gur le linn don Ghorta Mhór a tharlúint a mhair a athair agus a chlann mhór siblíneach, tá seanchas ar an nGorta ina chuid thábhachach den ábhar béil a tháinig go díreach anuas go Seán Óg ón nglúin roimhe sin (c.f. §413 | CBÉ, 967: 211; §414 | CBÉ, 1070: 153; §415 | CBÉ, 968: 181; §416 | CBÉ, 1201: 97). Is í an cháiréis a mholann Roibeard Ó Cathasaigh agus Bo Almqvist don té a scrúdódh cuntas den chineál a thugadh Bab Feirtéar ar an nGorta Mór: ‘[Ná] cuireadh an chuma chruinn bheacht ar an gcur síos úd dallamhullóg orainn. Ní fhírinne oibiachtúil í’ (Almqvist agus Ó Cathasaigh, 2010: 32). Ní dócha gur aon fhírinne shuibiachtúil é a thabhairt le fios ag an bpointe seo go mbaineann tábhacht staireolaíoch le haird a tharraingt ar ghnéithe de stair na hÉireann a chuirtear i bhfolach go minic ach a bhfuil taifeadadh orthu i bhfoinsí príomhúla an bhéaloidis, rud a chabhródh le cothromaíocht dhioscúrsach éigin a bhaint amach i ré seo an athbhreithnithe stairiúil. Cuirim i gcás go bhfuil cuma an chuntais chruinn ar thuairisc Sheán Mhic Criomhthain ar cheann amháin de na huafáis a thit amach le linn an Ghorta Mhóir i gCorca Dhuibhne:

Do bhí fear ag tógaint na gelathacha san ar na cnoic. Bhí sé dhá lá gan aon ghreim a dh’ithe.
Bhí sé pósta, agus aon leanbh amháin a bhí ann. An tríú lá, bhí sé ag imeacht:

¹ Is iad na scéalta a bhaineann le Dónall Ó Conaill a cuireadh ar fáil san eagrán seo ná §357 | CBÉ, 977: 407-408; §358 | CBÉ, 967: 207-210; §359 | CBÉ, 967: 259-263; §360 | CBÉ, 967: 224-226.

“Is ea,” arsa é sin lena m[h]naoi, “bíodh an leanbh marbh agat tráthnóna go mbeidh sé agam le n-ithe.”

Is dócha gurb as a m[h]eabhair a bhí sé leis an ocras, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Ach má fhéachaimid ar an gclabhsúr a chuir Seán ar an eachtra thuas, is é an tuiscint is mó a eascraíonn as ná gur ‘ealaíontóir cruthaitheach é an scéalaí’ (Almqvist agus Ó Cathasaigh, 2010: 32) a chaith uaidh cúram na tuairisce stairiúla de réir mar a lean an insint áirithe seo ar aghaidh. Scéal fantaiseach a dhein sé de sa deireadh nuair a d’eachtraigh sé gur ghabh stróinséir go dtí an tigh le bollóg aráin, agus gur mhéadaigh ar an mbollóg chéanna de réir mar a d’íosfadh muintir an tí í. Dhéanfadh an deireadh fantaiseach seo beag is fiú de pé fírinne stairiúil a shamhlaigh an t-éisteoir ar dtús a bheith leis an gcuntas sa tslí is nach léir anois an eachtra stairiúil nó ealaín bhéil atá i gceist leis an méid seo ón gCrimhthanach. Is é is dóichí a bhí i gceist aige a dhéanamh ná casadh éadrom a bheith á chur aige le scéal duairc d’fhonn a lucht éisteachta a chur ar a suaimhneas arís. Léiriú is ea é seo ar a fheabhas a bhí Seán Mac Crimhthain mar sheanchaí agus mar fhear comhludair.

Gné de sheanchas Sheáin Mhic Crimhthain a raibh gaol gairid aige le stair an Ghorta Mhóir ab ea cúrsaí imirce. Cúpla turas ar fad a thug a sheantuismitheoirí go Hollyoke, Massachussetts mar ar imigh gach aon duine eile acu ar imirce chomh maith, seachas a athair féin, dar le cuntas Sheáin Uí Dhubhda:

Lá na Faoillí, 1940

Feirm talún ag fear acu, is beirt eile ina saoi ar mhuilte is mar sin dóibh. Bhíodh saol sámh soúil acu ina dteannta. Thugaidís dó nó trí ’o bhlianaibh ina bhfochair, gach turas, ach nuair a bhuaileadh an mian teacht abhaile iad, chaithidís géilleadh, is gluaiseacht. Bhí cúis eile lena dteacht – bhí eagla air an seandúine go n-imeodh an t-éinne amháin dhá chlainn, Seán, a bhí pósta socair síos in Éirinn, go n-imeochadh sé sin leis anonn mar bhí na deartháireacha thall ag meargú fé, a anchraí a tharrac is an cruatan a thréigint, is imeacht thar sáile ag triall orthu féin, is bhí sé ar baraoil¹ imeachta mara mbeadh an seanfhear á chosc, (CBÉ, 1115: 20-21).

¹ .i., ar tinneal.

Chuir Breandán Mac Gearailt leis an méid sin ar fad á rá go raibh deirfiúr lena bhean chéile pósta in Indianapolis le Cathallánach fir (2010: 230). Ar na deartháireacha agus deirfiúracha ar fad a bhí ag Seán Mór, níor fhan in Éirinn ach é (CBÉ, 1115: 20), an chuid eile ag imeacht go Meiriceá dóibh féin: ‘d’imigh agus gach éinne den ál a bhí rompu ach amháin [Seán Mór], agus ba bhoichte Éire a n-imeacht’ (CBÉ, 1115: 19). Má ba bhoichte féin ar shlite áirithe, shaibhríodh an traidisiún amhránaíochta ag baile le cumadóireacht a thrasnaíodh an tAtlantach soir go hÉirinn ar nós a bhfuil le tabhairt faoi deara sa cheathrú seo as mír a bailíodh ó Sheán Óg Mac Criomhthain.

Do shiúlaíos Ware Village, is as san go Laurence,
níor stádas don stáir sin go ndeaghas go Lowell,
ag breithniú gach muilinn agus toice gan éifeacht,
níor mhiste dhom cléireach a bheith agam nó dhó, (CBÉ, 967: 160-161).

Deirtear gur Sean Ó Gormáin ón gCarraig a chum, agus tá an t-amhrán ar fad i gcló ag Sean Ó Dubhda in *Duanaire Duibhneach* faoin teideal ‘Seáinín Ó Gormáin i nAméricá’ (1933: 134). Bailíodh, leis, an méid seo seo a leanas de sheanchas na muintire a bhí ag Seán Óg ina dtaobh siúd a thug an tOileán Úr orthu féin:

Ó Chorcaigh a sheol m’athair críonna nuair a bhí sé ag dul go Meoraice. Bhí sé i bhfad ag dul ann. *Steamer* a bhí aige. Bhí uncail dom ag teacht anall ó Mheoraice babhta, bhí cailín ó Belfast in aonacht leis ar an ártach. Bhuail sí breoite, agus bhí sí an-olc breoite. Ní mór ná go raibh sí caillte. Buaileadh crann uirthi í a chaitheamh i bhfarraige. Dúirt m’uncail má caithfaí amach í go dtabharfadh sé chun cúirte gach aon duine acu nuair a raghaidís i dtír. Ligeadh di féin, agus nuair a bhíodar cúpla lá ón dtalamh, bhí sí ag dul i bhfeabhas, agus bhí sí go maith sarar bhuaileadar port. Pé seachrán a rug ar an ártach, isteach i mBelfast a tháinig sí...

Bhí m’athair críonna agus mo mháthair chríonna dhá uair i Meoraice. Bhí cuid dá chlann mhac thall roimis nuair a chuaigh sé sall. D’fhágadar m’athair anso i mbun an tí. Faid a bhí m’athair críonna thall, bhí na driotháireacha ag scríobh dtí m’athair an áit seo a dh’fhágaint, agus teacht go Meoraice, agus sin é a thug anall m’athair críonna an chéad uair. Bhí eagla air go mbogfadh an dream thall m’athair. Tháinig sé anall chuige.

“Ná bogaidís tú,” a dúirt sé, “go dtí go dtiocfaidh tuairisc bhuamsa féin chughat”.

Sin é a thug anall é, agus ní raibh sé sásta. Dh’imigh sé aríst. Dhá bhliain is dóigh liom a bhí sé ann gach aon turas. Bhí gadhar bán aige nuair a imigh sé an chéad uair. Ana-ghadhar agus bhí

driotháireacha céile do ar an nGarrán Theas, agus thugadh m’athair críonna laethanta ar an nGarrán, agus bhíodh an gadhar in aonacht leis. Nuair a dh’imigh m’athair críonna go Meiriceá ansan, thugadh an gadhar turas formhór gach aon lá ó dheas ar an nGarrán ag lorg m’athair críonna, agus an oíche a thánadar abhaile, an seana-mhám anuas a bhí sé nuair a léim an gadhar aniar sa drom air. Nár dhiaidh an fios a bhí ag an ngadhar, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313).

Bás in Éirinn, is léir, a bhí ceaptha do Sheana-Sheán ‘file na Cille’ Mac Criomhthain a d’fhan ag baile leis an ngadhar nó gur cailleadh sa bhliain 1909 é (CBÉ, 621: 139). Bhí sé ina reacaire go dtí an neomat deireanach ar fad:

“Mise Cian,” arsa é sin, “na mbeannaibh óir,
ba shia mo lón ná mo shaol.
Níor cuireadh éinne riamh as mo thig,
agus níor cuireadh mé as tig Dé”.

An oíche a bhí m’athair ag tarrac na hineáile a bhí sé sin ar siúl aige, (§137 | CBÉ, 965: 41).

Ní raibh aon leisce air imeacht ón saol más fíor dá ndúirt a mhac tamall ina dhiaidh sin faoina athair uasal:

Father Hones a bhí thiar ar an mBuailtín, ghaibh se chugham lá, tamall tréis m’athair a chailliúint. Bhíomair ag caint.

“Is mór an tura nár mhair an t-athair tamall eile,” arsa é sin, “bhreá liom tamall a chaitheamh ina chuileachta.”

“Ní raibh aon leisce air bás a dh’fháil,” arsa mise, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Bhí tamall maith caite ag an mac ‘ina chuileachta’ más ea, agus is saibhir é an stór seanchais atá anseo againn uaidh dá bharr. Cuid lárnach den stór céanna, ní nach ionadh, is ea an iliomad eachtraí ina bhfaightear éachtaint ar dheisbhéalacht agus flaithiúlacht an athar.

Saol pósta agus slua a shóisir

Ba í ‘Margaret’ Ghromail ón Muirígh a phós Seán Óg Mac Criomhthain sa bhliain 1900 (An

Chartlann Náisiúnta, Daonáireamh na hÉireann, 1911¹). Tuairiscíodh Maighréad na Muirí a bheith ina cónaí fara ‘filí na Cillí’ faoin mbliain 1901, agus í trí bliana fichead d'aois (Daonáireamh na hÉireann, 1901), bliain níos óige ná a fear céile. Bhí cuma an-difriúil ar líon tí na Cille deich mbliana ina dhiaidh sin, le Seán Mór caillte agus seisear rudaí beaga sa tigh ag Seán agus Maighréad. Ochtar ar fad mar sin, agus dhá sheomra ar fad a bhí sa tigh dar le ‘House and Building Return Form B1’ do Chill Maoilchéadair (Daonáireamh na hÉireann, 1911). Tuairiscíodh gan Maighréad a bheith ach 30 bliain d'aois an iarracht seo, nuair a tuairiscíodh í a bheith in aois a fiche **trí** deich mbliana roimh ré. Bhí Patrick ar an té ba shine den ál, ‘scoláire’ naoi mbliana d'aois, agus ba é Thomas a bhí dhá bhliain d'aois an té ab óige. An ceathrar cailíní sa lár ansin, Bridget (8), Mary (6), Ellie (5), agus Katie (3) a bhí orthu (Daonáireamh na hÉireann, 1911). Ina dhiaidh sin a tháinig Seán, athair Bhríde Nic Criomhthain atá anois ann. Thóg Seán Ó Dubhda ceann dár fágadh den mhuirear mór sa sliocht seo a leanas, os cionn fiche bliain ní ab fhaide anonn:

Lá na Faoillí, 1940

Thóg an fear so muirear mór, is táid siad san leis scaipthe ag saothrú a mbeatha i Meiriceá i Sasana, is in íochtar na hÉireann. An seana-scéal – Clanna Gael dhá shíor shlogadh siar i gcraos an Ghalldachais. Ach rud eile, cad a bhí le fáilt in Éirinn ag a leithéid? Ní foláir nó bhí an fonn imirce sa bhfuil, (CBÉ, 1115: 20).

Ní fíor a rá go raibh gaolta Sheáin Mhic Criomhthain ‘scaipthe’ ar fad uaidh, áfach. Ba mhinic iad ar bothántaíocht chuige, más aon fhianaise iad na tagairtí flúirseacha dá leithéid tríd na hiontrálacha chín lae a scríobh Seosamh Ó Dálaigh (CBÉ, 1045: 83; ibid: 85; ibid: 122; ibid: 323; CBÉ, 1291: 5, srl.). Tá a thoradh sin le feiscint trí sheanchas an Chriomhthanaigh, leis, agus mar chuid den seanchas a thug sé uaidh ar an tobac, is é seo a leanas a bhí le rá aige: ‘Bhí duine muinteartha dom tréis teacht ó Mheoraice, agus d’fhanadh sé oícheanta anso’ (§484 | CBÉ, 936: 404-407). Is léir gur saibhríodh a stór féin seanchais de dhroim na scéalta a thugadh a ghaolta abhaile go dtí an Chill chuige. Luaigh Seán gur thug mac do tamall aimsire i Luimneach sna fichidí, agus gurbh é féin

¹ Dúradh ar dhaonáireamh na bliana 1911 gur ar feadh deich mbliana a bhí an bheirt seo pósta.

foinse an tseanchais a thug sé uaidh ar sheanoíche Bhealtaine sa chontae sin (CBÉ, 968: 282) – ‘Baile Uí Sháithil’ an t-ainm a thug sé ar an mbaile go raibh ‘garsún [leis] ag obair ann’ (§450 | CBÉ, 979: 181). Léargas ar an saol i gContae na Lú a bhí le fáil ó mhac eile:

Féach an mac linn atá in Ardea i Louth, deir sé an t-uisce a níonn corp ann, go gcuireann siad thíos fén gcré nú fén aoileach é, agus ní fheacamair riamh á dhéanamh anso leis ach á chaitheamh laistiar don dtine, agus an t-éadach a nífeadh an corp comh maith, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Ar an gCill a d’fhan duine eile acu arís, mar shampla, ‘síos thar cnoc’ a chuaigh sí, agus dob fhuirist di sin teacht ar a thuairisc, shamhlófaí:

29 Aibreán 1945

Bhí iníon do ann atá pósta síos thar cnoc ar an gCill. Bhí *gramophone* acu á sheinnt. Bhí na mná ag caint, agus sinne ag déanamh ár gcúirim féin, (CBÉ, 1045: 143).

Chuireadh an teaghlach sínte leis an gcúram úd ar uairibh. Ar oíche bhothántaíochta i dtigh an Chriomhthanaigh i rith mhí Fheabhra 1951, mar shampla, bhí céile do mhac éigin leis an gCrimhthanach i láthair, agus breacadh uaithi ag bun an leathanaigh nath cainte a d’úsáidfi i leith ‘duine go mbíonn dúil mhór aige in aon rud’ – is é sin go bhféadfaí a rá faoi go mbíonn ‘dúil an chait aige ann.’ (§418 | CBÉ, 1201: 196). Iadsan a d’fhan in Éirinn ach a mhair beagán níb fhaide ó bhaile, thagaidís ar a thuairisc chomh maith céanna, gléasanna nua an tsaoil ‘ghallda’ ar iompar acu. ‘Thuas i Louth’ a chónaigh duine acu seo (§128 | CBÉ, 979: 74), ‘in Ardea i Louth’ (§415 | CBÉ, 1201: 97-119) mar atá feicthe againn, agus ba é fear Chontae na Lú a ghabh isteach lá agus an Dálach ag tabhairt cuairte ar Sheán:

15 Lúnasa 1945

Dúirt sé liom go raibh mac leis tagaithe ar c[h]uaird ó Chontae Lú, agus é nuaphósta. Ní fada nó gur thánadar isteach, agus *camera* acu. B’éigean don gCrimhthanach agus dona m[h]naoi

dul laistiar do thig ar dhá chathaoir chun a bpictiúir a thógaint. Bhí ana-leisce ar an gCrimhthanach. Dúirt sé go raibh sé róchaite chun a pheictiúr a thógaint. Chuaigh sé amach, agus bhí sé chugham isteach aríst. D’fhan an chuid eile amuigh, agus bhí an tigh fúinn féin ansan dtína sé a chlog go dtí gur thánadar isteach aríst. Bhíos tamall ag caint le mac an Chrimhthanaigh ansan, agus lena m[h]naoi, (CBÉ, 1045: 217).

Is nós é seo nár chuaigh i léig go fóill dar le garíníon Sheáin Óig, Bríde Nic Crimhthain, a dúirt liom go dtagann síol Mhic Crimhthain go fóill ar cuairt ó Chontae na Lú chun an tí ar an gCill. I gColáiste Íde a fuair duine de Chrimhthanaigh seo na Lú a chuid oideachas meánscoile (Nic Crimhthain, 2016). Bhí athair Bríde pósta i dtigh seo na Cille, rud a thug an Dálach faoi deara an chéad uair a bhuail sé leis an gCrimhthanach (CBÉ, 943: 449-452). Bhíodh sé seo, gur Seán Mac Crimhthain ab ainm dó sin leis, i láthair do roinnt de na hócáidí seanchais a tharraing Seosamh Ó Dálaigh ar an tigh, agus luaigh an Crimhthanach é ar ócáid amháin – é a bheith díreach gafa amach an doras sular tosaíodh ar ‘Chualathas capall ag siúl istoíche’ a eachtraí (§9 | CBÉ, 936: 419). Ba í Bríde féin an ‘leanbh bliana’ a chonaic Seosamh Ó Dálaigh in ucht Mhargaret i mí an Mheithimh 1944 (CBÉ, 943: 449-452), agus go deimhin, is i dtigh seo na Cille a tógadh Bríd. Lá brothallach samhraidh amháin, ba í an cailín beag a threoraigh Seosamh Ó Dálaigh go dtí a hathair críonna ar an gCill:

16 Iúil 1944

Bhí an lá ana-bhrothallach ar fad, agus bhíos ar snámh d’allas nuair a chuas chuige isteach. Dúradh liom go raibh sé in airde staighre. Chuaigh cailín beag ag glaoch air, agus do tháinig sé chugham anuas. Shuigh sé ar chathaoir ana-chóngarach dom mar tá sé bodhar, agus tréis tamaillín cainte, bhí nach éinne eile imithe amach go dtí bun an tí fén ngréin, agus gan istigh ach sinn araon, (CBÉ, 1045: 9-10).

Luadh i mí an Mhárta 1945 go raibh sí ‘ana-léirithe ag an triúch, agus trithí móra ag teacht uirthi’ (CBÉ, 1045: 122), ach tháinig sí as go breá, agus bhí dul chun cinn an ghearrchaile bhig le feiscint ag an Dálach de réir mar a bhailigh sé an seanchas óna hathair críonna:

14 Deireadh Fómhair 1947

Is mó lá anois ó chuas chuige an chéad lá. Tá an leanbh óg a bhí sa tigh ina patalóigín dheas anois ag imeacht timpeall, agus ag smaoineamh ar dhul ar scoil an samhradh so chughainn, ach is é an duine céanna [é] Seán agus muintir an tí, fáilteach i gcónaí romham, (CBÉ, 1291: 70-71).

Bhí an cailín beag neamhspleách ag smaoineamh ar dhul isteach go dtí an Daingean i gcomhair na Nollag trí bliana níos déanaí:

18 Nollaig 1950

Bhíomair ag caint ar an Nollaig, agus ar lón na Nollag. Níor chuaigh na Criomhthanaigh 'on Daingean fós. Bhí an cailín beag sa tigh a d'iarraidh go ligfí 'on Daingean í, ach ní fadó a fuair sí taom mór breoiteachta, agus tá an aimsir ana-chruaidh, ana-ghlas, (CBÉ, 1292: 493).

Ní shamhlófadh duine gur ina haonar a rachadh sí isteach ann, ach is é an míniú a bhí aici féin blianta ina dhiaidh sin ná gur go dtí a haintín a mhair sa Daingean is dócha a bhí a triall, duine de chlann iníonacha Sheáin a dtéadh Bríde go minic ar thuras chuichi. Tá cuimhne fós ag Bríde ar thurais Sheosaimh chuig an tigh, a hathair críonna sa chúinne agus Seosamh ag tógaint na scéalta síos uaidh, agus tharlaíodh sé, arsa í sin, go dtugadh Seosamh soir abhaile ó Scoil na Muirí sa mhótar í agus é ag dul ar thuairisc a hathar críonna. Thánathas ag bailiú ó Bhríde féin ina dhiaidh sin sa tslí is go raibh sí luaite mar fhaisnéisí do roinnt de na hamhráin a chuir Breandán Mac Gearailt in *An Blas Muimhneach II* mar a ndúirt an t-údar go raibh Bríde 'lán d'eolas fé oidhreacht amhrán a hathar críonna, Seán agus a sín sean-athair Seán' (2010: 393). D'admhaigh Bríde nár mhór an tsuim a bhí aici féin sna scéalta go dtí go raibh leathchoróin ina glaic aici ag teacht abhaile ó scoil na Muirí lá – í buaite aici i ngeall le scéal a bhí faighte aici óna hathair críonna a eachtraí go cumasach do chigire a bhí ar cuairt an lá sin, agus 'ba mhór an chuid leathchoróin an uair sin' faoi mar a dúirt sí féin. Má bhuaigh, d'imigh an duais isteach i gclaí éigin ar chúl an tí agus gan í le fáil arís ina dhiaidh sin aici, agus gach aon ghol ag an gcailín bocht dá deasca (Nic Criomhthain, 2016). Faraor, arsa an béaloideasóir, tá rud níos luachmhaire ná leathchoróin caillte ó shin aici; deir sí nach cuimhin léi a thuilleadh an scéal a d'inis sí don chigire ná aon scéal eile, ach amháin go raibh ann na focail 'conas bóthar a chiorrú' (c.f., mar shampla den scéal a d'fhéadfadh a bheith ann, 'An

Gobán Saoir’, §475 | CBÉ, 967: 420-426). Léargas ar shlí is ea é seo ar mar ar theip ar sheachadh an traidisiúin sa deireadh, faraor, agus is ina leithéid de chomthéacs is féidir luach a leagan ar an méid a caomhnaíodh de stór Sheáin Mhic Criomhthain i gcáipéisí Choimisiún Béaloideas Éireann. Cúis áthais do Bhríde mar sin is ea an méid sin go háirithe nuair nár luaigh Seosamh Ó Dálaigh a hathair críonna riamh le linn dó a chlár féin a bheith aige ar Raidió na Gaeltachta (Nic Criomhthain, 2016).

Tréithe, cúraimí agus buanna

Anuas ar na grianghraif atá againn de Sheán i gcartlann an Choimisiúin agus i dtigh Bríde araon, tá cúpla abairt fhoclach againn ó Sheán Ó Dubhda mar chur síos fisiciúil ar an ‘[bh]fear deas lom cruaidh fuinniúil fáiscithe meánairde’ (CBÉ, 1115: 18) a bhí ‘ceannaghaidhthe fada faidleiceanach’ agus a raibh ‘gruaig dhubh air’ (CBÉ, 621: 190). Mar ‘feirmeoir beag’ a chuir cáipéisí an Choimisiúin síos ar an gCriomhthanach ó thaobh ‘gairm bheatha’ de, agus mar ‘beanfheirmeoir’ a chuir Seosamh Ó Dálaigh síos ar Maighréad (CBÉ, 1035: 360). D’áirigh an Dubhdach gur féar trí mbó go leith a bhí sa ghabháltas a bhí acu (CBÉ, 1115: 19), agus bhí moladh mór ag an mbailitheoir sin ar dhíograis an Chriomhthanaigh chun oibre, ag dearbhu nár thug sé sin ‘aon chuid dá shaol riamh díomhaoin ná ag feamaíl, ach ag obair go dícheallach ag saothrú a chuid talún, a d’iarraidh beatha a bhaint amach do féin is dá mhuirear’ (ibid: 19). Dúirt an Dubhdach sa bheathaisnéis ghairid a sholáthair sé do réamhrá ‘Díoghluim Duibhneach’ gur ‘iascaire ar uairibh’ ab ea é, anuas ar an bhfeirmeoireacht (1948: 71). D’fhág méid a chúraim gur mhór do na bailitheoirí a bheith eagraithe go maith le go bhfaighidís aon aga ar a bheith ag bailiú uaidh. Dé Domhnaigh ba mhó a bhíodh sé ar fáil, cé nár mhínigh Mait Gromail ná Seosamh Ó Dálaigh ná aon duine eile cén chúis a bhain leis an gceangal ama úd:

2 Iúil 1944

“Tá sé comh maith agat gan aon mhoill a dhéanamh anois,” arsa Mait liom, “tá an Criomhthanach ag feitheamh leat inniubh, agus beadsa anso aon lá dhon seachtain, agus níl aon seans agat air siúd ach na haon Domhnach”, (CBÉ, 943: 453).



Grianghraf a chuir Bríde Nic Criomhthain ar fáil do Bhreandán Mac Gearailt agus *An Blas Muimhneach II* á chur i dtoll a chéile aige (Mac Gearailt, 2010: 23)

Níor ghá go gcuirfeadh cúraimí feirmeoireachta isteach ar obair an bhailithe, faoi mar is léir ón méid seo a leanas:

18 Eanáir 1946

Bhí sé gnóthach inniu aríst, ach fé mar a dh'fhaigheadh sé aon amhráin, shuíodh sé ar an gcathaoir lém ais, agus bhímist ag seanchas nó bhíodh eachtra aige dhom lé scríobh nuair a thagadh sé isteach, (CBÉ, 1045: 325).

Mar sin féin, níor mhiste le Seán na bailitheoirí a chur de go béasach dá mbeadh gnó éigin le déanamh nach n-oirfeadh mar ócáid sheanchais:

29 Meitheamh 1944

Ghaibh sé mo leathscéal. Dúirt sé go gcaithfeadh sé dul ag féachaint i ndiaidh gamhna, (CBÉ, 1045: 452).

Faoi mar a thuigfí, b'fhéidir, ón sliocht déanach sin, is le stoc ba mhó a bhain a chúram. Chabhraíodh a chlann mhac leis agus é ina bhun:

18 Eanáir 1946

Níor rángaigh éinne dá bheirt mhac istigh, agus á chionn san, b'éigeant do a lán turaiseanna a thabhairt isteach agus amach chun freastal ar na hainmhithe, (CBÉ, 943: 29).

Bhí sárthuiscint aige ar chapaill, ar bha, agus ar chaoirigh, agus go deimhin, dá chomhartha sin, 'tréadlia tuathach' a thug Breandán Mac Gearailt air (Mac Gearailt, 2010: 23). Is é an méid seo a leanas a bhí le rá ag Seán Ó Dubhda:

[12 Samhain] 1936

Tá sé ana-thuisceanach timpeall ainmhithe – ba i mbreoiracht gamhna, nó an boilg ar bhó, d'aithneóchadh láithreach. Tá sé chómh maith céanna timpeall caorach. Chuirfeadh cléithín le cos bhriste, choillfeadh sé na hainmhithe óga, is a lán nithe a bhaineas le saol na tuaithe, (CBÉ, 621: 190).

Bhí Bríde Nic Criomhthain ábalta a rá liom go dtagadh daoine chuige gach lá, agus i lár na hoíche, fiú, maidir le hainmhithe a bheadh i dtrioblóid éigin (Nic Criomhthain, 2016). Bhaineadh sé uain trí chliathán na caorach, agus mhairfidís araon. Bhí leigheas ag an gCriomhthanach ar an bpiast, agus bhain sé práta amach as scórnaigh chapall Downey Ó Catháin ón Muirígh agus í á thachtadh, (Mac Gearailt, 2010: 230). '[Ba mhór] idir é agus bambairní eile ná feadair faic, ná conas puinn a dhéanamh' a scríobh Seán Ó Dubhda (CBÉ, 621: 190), agus bhíodh meas ag na comharsain air de bharr gan é a bheith ina bhambairne, is dócha, é ina bhall tábhachtach dá phobal, de réir an léirithe atá le fáil i gcáipéisí an Choimisiúin air. 'Is mó bó leis na comharsain a thugadar [na Criomhthanaigh] ó bhéal báis' (CBÉ, 1115: 21) dar le tuairisc eile ó Sheán Ó Dubhda. Dhein an cineál seo comhoibrithe deiseanna d'ócáidí níos sóisialta i measc na gcomharsan – an bhothántaíocht, mar shampla. Théadh Seán go tithe na gcomharsan ag bothántaíocht, rud a tháinig chun solais i gcuid nótaí Sheosaimh Uí Dhálaigh:

19 Meitheamh 1947

Ní raibh Seán Criomhthain istigh romham, ach níorbh fhada ó bhaile a bhí sé. Bhí sé i dtigh dos na comharsain ag bothántaíocht, (CBÉ, 1291: 5).

Bhíodh idir ómós agus foighne aige do dhaoine eile a bheadh ag insint scéil seachas é féin:

Thosnaigh Micí na gCloch scéal. D'imigh Micí Mór Baker amach i lár an scéal. Á mbeinnse agus ocras maith orm, ní imeoinn nó go mbeadh an scéal críochnaithe aige, (§184 | CBÉ, 981: 383-399).

Thagadh daoine eile go dtí a thigh féin, idir lóistéirí agus lucht bothántaíochta:

18 Eanáir 1948

Bhí fear dos na comharsain istigh, fear mór láidir, é trom aosta. Bhí sé ag déanamh cuileachtain, agus chuir sé tuairisc chuid do mhuintir Dún Chaoin orm, (CBÉ, 1291: 103).

11 Samhain 1950

Seán Coileán atá anois sa tig farais na Criomhthanaigh, (CBÉ, 1291: 485).

Cultúr ábhártha

Beachadóir leis ab ea Seán Mac Criomhthain faoi mar is léir ó chuntas a thóg Seosamh Ó Dálaigh a ón gCriomhthanach ar an gceird sin a bhí aige agus atá anois neamhghnách (c.f. § 21). Tharla gur bhronn Seán saithe beach ar an Dálach sa deireadh, faoi mar a chífimid sa sliocht a leanas ina bhfaightear léargas beag ar mar a cleachtadh ceird na beachadóireachta fadó i gCorca Dhuibhne, agus ar an bhflaithiúlacht a bhain le Seán Mac Criomhthain mar fhear chomh maith:

1 Meán Fómhair 1946

Is ea, d’fhanamar nó go raibh an ghrian i bhfarraige, agus fuair sé bairlín bhán, agus thóg sé an bosca ina raibh na meacha. D’iompaign sé a bhéal in airde, agus chuir sé an bairlín ar bhéal an bhosca. D’fháisc ar bhéal an bhosca é le téadán. Thug sé an bosca dhom ansan, agus ní rabhas istigh liom fhéin le heagla go n-éalóidís amach. Thugamar linn abhaile iad, agus bhuaileamair a bhéal fén mbosca anuas ar leac chloiche, agus cipín beag thíos fé sa tslí is go mbeadh neart ages na meacha gabháil isteach agus amach, (CBÉ, 1045 : 439-440).

Tá faisnéis mar seo tábhachtach ó thaobh gné den saol a dtugann béaloideasóirí “an cultúr ábhartha” uirthi. Deir an seanfhocal linn go bhfuil obair na mbeach ar cheann amháin de na trí rud nach mbeidh tuiscint ag an duine go deo orthu, ach tá mír iomlán seanchais in §21 | CBÉ, 968: 530-536 faoin tuiscint a bhí ag an gCriomhthanach orthu, sliocht a léiríonn gur máistreacht a bhí aige ar an gcúram. Tá cuntas sa mhéid seo a leanas ar roinnt den téarmaíocht phearsanta a bhíodh in úsáid aige agus é i mbun na ceirde:

‘Síonán’ a thugaimse ar an dtig beag a bhíonn ages na meacha. Bíonn sé déanta le tuí. Deinimse féin iad. Skip a thugann daoine eile air... Is é an tslí a tógtar ceann acu, nuair a éiríonn na meacha beidh an bhanríon ann, agus stadfaidh sí ar thor. Beidh ó cheann go ceann ag bailiú uirthi ansan go dtí go mbeidh amhlait mhór meach ann. Á dtiocfá ansan agus síonán agat, agus an tor a ghearradh agus é a bhualadh isteach fén síonán. D’fhanfaidís insa tsíonán san. Ní bheadh a bhac ort an síonán a chuir in aon áit gur mhaith leat ansan nuair a thiocfaidh an oíche... Bíonn bithiúnaigh ar chuid acu a dh’fhanann istigh ag ól na meala. Sladaí sáithe a thugann siad ar cheann acu san, (§21 | CBÉ, 968: 530-536).

Tá éachtaint le fáil sa ghné thuas de chultúr ábhartha Sheáin ar an gcumas mór teanga a bhí aige, rud a cheadaigh dó dul i ngleic go héifeachtach le gach gné dá chuid chúram sa saol trí mheán a theanga dhúchais, agus is mó cúram a bhí air, leis. Chuir Breandán Mac Gearailt síos ar Sheán Óg mar dhuine éachtach ildánach¹ (Mac Gearailt, 2010: 230), agus bhí sé ‘gasta deaslámhach’ i dtuairim Sheáin Uí Dhubhda a thug an cuntas seo a leanas ar a chuid buanna:

[12 Samhain] 1936

Deineann sé a lán nithe timpeall a chúraim go gcaithfeadh daoine eile céardaí d’fháil chuchu. Deineann sé birdeoga, cléibheanna, úim is srathair chun móin a thabhairt ar dhrom a chapail. ón genoc. Chuirfeadh sé feac is cuilín i rainn, is fáiscfeadh iad, (CBÉ, 621: 190).

‘Fear maith is ea an Criomhthanach’, a dúirt Seosamh Ó Dálaigh, ‘chun tuigí agus slata a fhi’ (CBÉ, 1045: 59-60), agus tá teist na fíodóireachta fós air sa dúthaigh, rud a fuaireas-sa amach i mbun comhrá le faisnéiseoir anaithnid ón gCill mar gheall ar an seanchaí a mhaireadh fadó ann. Is mar seo a leanas a fuair Seosamh Ó Dálaigh amach mar gheall ar an mbua a bhí ag an gCriomhthanach:

5 Samhain 1944

Tháinig Seán amach lém chois. Theaspáin sé birdeog, agus cliabh dom a bhí déanta aige féin. Bhí dhá bhlúire mhaide curtha thíos fé thóin na birdeoige aige chun í a chosaint ón dtalamh. Bhí cliabh aige déanta oiriúnach do phrátaí. Ní raibh aon taidhsí inti, agus ansan, bhí cluas curtha lé gad ar gach taobh di insa lár síos chuig greim a fháil uirthi chuige, agus a dh’aistriú. Thug sé lé tuigsint² dom go raibh sé go maith chun tuigí d’úsáid, (CBÉ, 1045: 59-60).

Cláraíodh cuntas ar thuigí agus ar shlata mar mhír seanchais le Seán Mac Criomhthain in §296 | CBÉ, 1150: 553 – 557, cé nach caint Sheáin Mhic Criomhthain a bhí ann ach tuairisc a scríobh an Dálach tar éis a bheith ag caint leis. Pé cuma é, ba chúram breise ar Sheán é seo ar fad seachas gnáthobair na feirme, agus ba ghá deiseanna a aimsiú leis an saghas sin ruda a dhéanamh dó féin. Bhíodh géarghá sa tseanaimsir le trealamh den chineál seo a dhéanadh an Criomhthanach, mar a

¹ ‘Éachtach’: Focal a d’úsáid an Gearaltach i dtaca leis an Seabhac, leis (Mac Gearailt, 2010: 230; Mac Gearailt, 2010: 270).

² Mar seo atá sa lámhscríbhinn, agus b’fhéidir gur imeartas focal dána meititéiseach as an bhfocal ‘tuige’ a bhí i gceist ag an scríobhaí leis an bhfoirm mheititéiseach seo de ‘tuiscint’. Dar ndóigh, is ‘tuigsinn’ seachas ‘tuiscint’ a deirtear i nGaeilge na hAlban (Dwelly, 1864: 979).

mhíníonn an Dubhdach sa slíocht seo a leanas:

Lá na Faoillí, 1940

Ní bhíodh ach fíorbheagán móinéir fadó – paiste fé bhun an bhóthair, agus le cuimhne na ndaoine, baintí an fómhar go léir le corrán agus deintí an churadóireacht go léir le ramhainn. Ba chuimhin le Seana-Sheán Criomhthain gan aon chairt a bheith ann, ach úim is ardualach nó cliabh ar a ndrom, (CBÉ, 1115: 26).

San oíche a dheineadh sé an obair sin dá gcuirfeadh cúraimí ní ba phráinní aon mhoill air i rith an lae:

12 Eanáir 1948

Nuair a chuas isteach, bhíos tamall ag féachaint air faid a bhí ceann dos na tuigí á dh'fhí aige. Bhuaíl sé bhuaidh an bhirdeog ansan. Bhailimh suas a chuid tuigí, agus a chuid miothán, agus chuir i leataoibh iad. Fuair a scuab, agus scuab an tinteán go dtí an tine. Dúirt leis nár ghanntar do stad mar gheall orm féin, ach níor thug sé aon tor orm má chualaigh sé fhéin mé. “Anocht a dhéanfaidh sé sin é sin anois,” arsa a bhean, (CBÉ, 1291: 100).

Cé go mb'fhéidir go raibh iarracht den chaitheamh aimsire i gceird seo an Chriomhthanaigh, agus go dtugadh sé gan faic uaidh toradh a shaothair ar uairibh, chímí anseo go bhfaigheadh sé cúiteamh éigin as a chuid earraí chomh maith:

19 Eanáir 1949

Bhíodh birdeoga agus cléibheanna á dhéanamh aige ar shíntiúis bheaga go dtí le tamall. Bhí birdeog nua déanta aige im chomhair, agus do bhronn sé orm í. Bhí sí déanta go slachtmhar, (CBÉ, 1292: 13).

Bhíodh barraí sa ghort aige chomh maith, agus é ag brath ar aimsir chuí len iad a shábháil:

4 Feabhra 1945

Nuair a bhí mo dhinnéar caite agam, chuas ar an gCill 'dtí Seán Criomhthain. Bhí tuilleadh

báistí ann.

“Tá an bháisteach id leanúint,” a dúirt sé nuair a tháinig sé isteach tréis a bheith tagaithe ón moinéar.

Bhí deireadh sábhálta aige, a dúirt sé, á bhfaigheadh sé cúpla uair a chloig eile. B’fhearra dhomhsa is dócha an bháisteach a bheith ann mar ní bheadh aon dul agam ar aon tseanchas a bhailiú uaidh inniubh, (CBÉ, 1045: 427-428).

Tá sé ráite riamh gurb olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin, agus an Criomhthanach ag brath ar gach aon saghas cabhrach le linn dó a bheith ag saothrú na talún agus na mbarraí a bhronnadh sí air:

11 Márta 1945

Bhí an Criomhthanach go greithealánach ar fuaid an tí. Uisce té á chur ar phrátaí aige, teorapaí á ghearradh, agus mar sin, (CBÉ, 1045: 118).

Is cosúil faoi dheireadh na bhfichidí nuair a ráinig don Dubhdach a bheith ag plé leis an gCriomhthanach, áfach, go raibh an talamh féin tugtha uaidh aige:

[?] Meán Fómhair 1935

Tá an áit tugtha suas dá mhac pósta, is tá daoine dhá shaghas go bhfuil i bhfad níos mó fáltais acu ag tarrac *dole* ar scáth na hoibre sin. Do dhaoine gan náire is fusa a ngnó a dhéanamh. Ná bacaimís a thuilleadh leis, (CBÉ, 1115: 9).

Buntáiste amháin a bhaineann le bheith ag plé leis na baill is sine den phobal ná gur minic solúbthacht éigin acu seachas an dream nób óige. Bhí Seán Mac Criomhthain ag dul san aois ar fad nuair a thosnaigh an Dálach ag gabháilt chuige níos déanaí, agus d'fhág sin gur mó am a bhí aige don Dálach ná mar a bhíodh agus é ag plé leis an Dubhdach, b'fhéidir:

22 Bealtaine 1945

“Mheasas,” arsa mise, “gur sa ghort a bheifeá.”

“Dá mbeinn féin”, ar seisean, “thiocfainn isteach chughat. Ní mór an obair a dheinim anois”, (CBÉ, 1045: 158).

Níorbh fhada ó bhuail sé ar dtús leis an Dálach, bhí sé tagaithe go dtí aois an phinsin:

23 Iúil 1946

Sos dá raibh againn ón seanchas:

“Is ea,” arsa Seán, “táim im sheandúine ó bhís anso go deireanach.”

“Conas?”

“Tá an pinsean ó shoin agam,” ar seisean, “agus ba dhóbair go scaoilfinn tharam é. Ní raibh a fhios agam go rabhas an t-aos go dtí go ndúirt duine éigin liom go rabhas. Nuair a chuas ’dtí an sagart, ní rabhas ach trí lá bhuaidh.”

“Conas a mhothaíonn tú tu féin ó fuairis é?”

“Dhera a mhúise, ní haon dea-chomhartha ar dhuine é a bheith aige. B’fhearr liom a bheith óg, ach is maith ann an pinsean’, (CBÉ, 1045: 426).

Comhthéacs cultúrtha: cúrsaí teanga, creideamh, ceol, agus an Criomhthanach

Chonaiceamar i dtosach na caibidle gur ‘mórcháil’ a shamhlaigh Bo Almqvist le Criomhthanach na Cille, cé gur dócha gurb í an mhórcháil áitiúil amháin a bhí i gceist aige, faoi mar a bhí i gceist i gcás Shéamais Bhig Uí Lúing dar le Dáithí de Mórdha i gceann de na leabhair is déanaí a fásceadh as traidisiún Corca Dhuibhne, *Scéal Shéamais Bhig*:

I cás Shéamais [Bhig], nó Criomhthanach na Cille... agus formhór na ndaoine ónar tógadh ábhar Chnuasach Bhéaloideas Éireann, níl ach fíorbheagán daoine ar an eolas féna gcuid ealaín[e], (Ó Mórdha, 2014: 240).

Pléifidh an chuid seo den chaibideal leis an gcomhthéacs cultúrtha inar tháinig ann don eagraíocht úd a sholáthair an t-ábhar a d’fhág go bhféadfaí tabhairt faoi thráchtas den chineál seo ar Sheán Mac Criomhthain in aon chor – Coimisiún Béaloideas Éireann. Bunaíodh an Coimisiún, mar a thugtar go minic air, sa bhliain 1935 le healaín imeallaithe na nÉireannach thuasluaite a chatalógú, mar a mhínigh T.K. Whitaker:

In 1930, the Irish government established the Institiúid Béaloideas Éireann [the Irish Folklore Institute], followed by the creation of the Coimisiún Béaloideas Éireann [the Irish Folklore Commission] in 1935... this was an extraordinary event, as it marked one of the few times in history that a government financed folklore research with sufficient funds to permit the hiring of full-time folklore collectors, eventually nine in number. Delargy was the honorary director of the commission, and he had the good sense to employ, among others, Sean O'Sullivan (1903-1996), who was recruited as archivist in 1935, and Kevin O'Danaher... O'Sullivan began to catalog thousands of pages of folklore material collected from all over Ireland, especially the Irish-speaking areas. The Irish Folklore Commission holdings grew to more than 2 million pages, which does not include 25,000 photographs and other pictorial representations of folk tradition, (Whitaker, 1999: 156).

Bhí Bo Almqvist agus na béaloideasóirí a tháinig roimhe meáite ar bhéim Románsach a leagan ar imeallacht na tuaithe Gaelaí, ach ceangal cultúrtha á dhéanamh acu le mór-roinn ilteangach na hEorpa san am céanna. Tá rian an dearcaidh áirithe sin go mór chun cinn sa réamhrá a scríobh Seán Ó Súilleabháin in *A Handbook of Irish Folklore*, leabhar teorach do bhailitheoirí béaloilidis stáit a bhí ag prapáil leis an méid dár caomhnaíodh den traidisiún béil Gaelach a bhailiú ó thuathánaigh scéalacha na tíre, a raibh nósmaireachtaí na nGael tagtha gan bhriseadh ar oidhreacht chuchú:

In this material lies mirrored the routine of rural life of our ancestors, a source of inestimable value to the student of European ethnology and of the social history of the Irish countryman... The exuberant imagination of the fairy-tales, which enriched the literature of twelfth century Europe, is as fresh today as a thousand years ago in the tales of the Irish Gaeltacht... (Ó Súilleabháin, 1942: 3).

Ghéill Frederick Hettman, mar shampla, do thábhacht idirnáisiúnta na Gaeilge ina eagrán siúd de scéalta béaloidis na hÉireann, agus an pointe céanna á áiteamh aige, is é sin, gur bhronn traidisiún na scéalta sí sna tíortha Ceilteacha áit thábhachtach ar a gcultúr sa chomhthéacs Eorpach (Hettman, 2015: 156). Gan dabht, is scéalta den chineál seo is mó a bhí Seán Mac Criomhthain, le fianaise a dóthain sna láimhscríbhinní gur chreid sé i saol eile a bheith ann, chomh maith. Ba mhaith an mhaise do Hettman dá bhrí sin aistriúchán Béarla Sheáin Uí Shúilleabháin de leagan an

Chriomhthanaigh de ‘Banríon na bPlainéad’ (1999: 277) a aistriú go Gearmáinis agus *Irische Märchen: Zum Erzählen und Vorlesen* (2015) á chur in eagar aige.

Ba é an maíomh a deintí go minic ar son obair an Choimisiúin ón tús mar sin ná gur ríthábhachtach é an t-ábhar seo do staidéar eitneolaíochtúil na hEorpa, agus tá an cheist seo pléite ag Michael Briody:

While the approach of the Irish Folklore Commission towards Irish tradition was essentialist in nature... given the prevailing ideology of the time, it is understandable that its approach should have been so. However, in concentrating initially on what it saw as the richest veins of Irish tradition, namely traditions in the Irish language, it was not simply motivated by narrow linguistic nationalism. Scholars like Reid Th. Christiansen and Carl Wilhelm von Sydow believed, rightly or wrongly, that in the rich body of folklore still extant in the Gaeltacht lay a key to understanding much of the lost oral tradition of medieval Europe. Thus, viewed from an international perspective, rather than a purely national one, the focus of the Irish Folklore Commission was far less essentialist, (Briody, 2007: 54).

Ní mór an tábhacht náisiúnta a bhain leis an traidisiún béil in Éirinn a thabhairt san áireamh chomh maith áfach, agus is é a leithéid atá déanta ag Diarmuid Ó Giolláin a mhínigh gur fhág comhthéacs an náisiúnachais chultúrtha nasc dlúth a bheith idir an béaloideas agus pleanáil teanga (Ó Giolláin, 2005: 6, 114). Thug seisean mar chrann taca lena thuairim tagairt inspéise do shaothar an scoláire Fhionnlanaigh, Pertti Anttonen, a aithníonn ‘the unmistakably nation building aspects of the folklorist's work’ (Anttonen, in Ó Giolláin, 2005: 75). Measadh go bhféadfaí an béaloideas a úsáid in Éirinn chun na daoine a spreagadh i dtreo chultúr a sinsear, agus iad a chur ar bhóthar na Gaeilge ar an tslí sin. Is í an áilleacht a bhain leis an mbéaloideas, leis, ná go bhféadfaí chomh maith acmhainní teagaisc do mhúineadh na Gaeilge a bhunú air, agus *Machnamh Seanmhná* le Peig Sayers in eagar le Máire Ní Chinnéide (1939) mar eiseamláir dá leithéid.

Cuid lárnach eile d'fhoghlaim na Gaeilge ó luathbhlianta an stáit i leith ab ea an turas ar an nGaeltacht, agus a fhianaise sin i ndírbeathaisnéis Phádraig Uí Mhaoileoin, *Na hAird ó Thuaidh*:

Bhí tarrac na gcéadta ar an áit agus mise ag éirí suas im leanbh ann.... “Laethanta breátha” a thugaimísne mar leasainm orthu, ainm sheanabhlástúil, mar dhe ná raibh aon fhocal eile Gaeilge ina bpus ach an beannú so a dhéanfaidist ar an mbóthar duit leis an dá fhocal “lá breá”, (1970: 34).

Is cosúil go dtagadh roinnt mac léinn Ghaeilge go dtí Seán Ó Criomhthain ón mBlascaod agus mínithe á lorg acu ar na focail chrua i leabhar a athar, .i., *An tOileánach*. Dar leis gur ábhar magaidh ab ea é gur chuige a ghaibhidís – go raibh na hollúna á ndíol go maith leis an nGaeilge a mhúineadh dóibh seachas é sin. Dúirt Seán mar sin féin go bhfaighfidís pé míniú ba mhaith leo ach a bhfaighfeadh sé féin an díol céanna, rud a chuir lagmhisneach ar na mic léinn. ‘Nílim ag magadh fé aon duine,’ arsa Seán leo, ‘bíodh a fhios agaibh go bhfuil cluasa na n-asal imithe de Ghaeilgeoirí na Gaeltachta’, (Ó Criomhthain, 1969: 24-25). Ba é seo an scíbhneoir áitiúil ag fógairt go ceandána nach dtiocfaí i dtír a thuilleadh ar a dhúthaigh dúchais a fágadh go fada faoi mhíbhuntáiste sular beartaíodh go raibh tábhacht náisiúnaíoch léi. Gan dabht, bhraith roinnt de bhaill phobal na Gaeltachta gur geall le tír eile ar fad a bhí an stát úr Éireannach, agus bhí géilleadh áirithe ag Pádraig Ua Maoileoin an Dúna don tuairim sin:

Ba gheall le tír inti féin an cúinne seo den nGaeltacht agus sinne ag éirí suas ann. Bhí dúthaí fairsinge an Bhéarla uainn soir agus gan aon chur amach againn orthu, (1970: 44).

Cúrsaí teanga a bhí sa cheann ag Dáithí de Mórdha nuair a dúirt sé gurbh é an tábhacht a bhaineann le taifeadtaí agus le tras-scríbhinní chartlann Choimisiún Bhéaloideas Éireann ná go bhfaightear iontu léargas ar ghuth na glúine deireanaí Gaeltachta seo nach raibh ‘á theanntú ag an mBéarlachas’ (2013: 222) a thagadh ó ‘d[h]úthaí fairsinge an Bhéarla’ chun an frása a chum Pádraig Ua Maoileoin a úsáid arís. Ní mór tráchta den chineál a dhéanadh bailitheoirí an Choimisiúin mar Shéamus Ó Duilearga agus é ag scríobh ar Sheán Ó Conaill a bhreithniú sa chomhthéacs seo:

Níor chaith Sean oíread agus lá amháin i mbothán na sgoile, pé aca sgoil scairte nú scoil náisiúnta é, (Ó Duilearga, 1964: xx).

Ba é an port céanna ag Seán Ó Dubhda é nuair a scríobh sé faoi Sheán Mac Criomhthain ‘[nár] thug sé aon phioc dá shaol ar scoil ach amháin cúpla seachtain ar fad geall leis’. Rud ab ea é sin a d’fhág gur thuairiscigh daonáirimh na bliana 1901 agus 1911 é a bheith gan léamh gan scríobh, ar ndóigh, ach níorbh aon díobháil é sin dar le Seán Ó Dubhda a chuir an tuairim sin in iúl arís agus arís eile ar fud a chuid scríbhinní:

Ní raibh sé ar scoil ná, a athair roimis, ach níor fhág san an ceann folamh acu, (CBÉ, 1352: 328).

Lá na Faoillí 1940

Níor léigh sé féin ná a athair roimis leabhar ná páipéar riamh, ach ná beireadh éinne leis gur daoine gan léann gan eolas iad. Níor chuireadar suim riamh i léann Gall ná i nósaihbh Gall... Ní raibh aon chaitheamh ina ndiaidh orthu, ná i ndeabhaidh gaigíocht ná boicíníteacht, (CBÉ, 1115: 19).

Tagann an méid seo le machnamh Mháirtín Uí Chadhain ar cheist na litearthachta, agus tuairim á cur in iúl in *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca* sa bhliain 1969 aige faoina chomhshaoránaigh chathrach, iad aineolach ar an nGaeilge agus ar an traidisún béil dá réir sin.

Níor léigh mé *comic* ariamh ná leabhar ar bith den chineál a d’fheicinn ag mo chaomhaoiseachaí i mbaile mór na Gaillimhe an tráth sin féin. Ach tá mé cinnte gur mhó go mór an borra faoi mo shamhlaíocht na rudaí seo ar fad a luaim ná léitheoireacht mo chomhaoiseachaí cathaireach. Is cuimhneamh liom daoine gan scoil gan foghlaim ag cur síos, go háirid ar thaibhsí agus ar sprideannaí, ar bhealach nach sáródh ach na scríbhneoirí is cumasaí, Dante nó Shakespeare, (2003: 9).

Díol suntais is ea é sa dá athfhriotal dheireanacha go leagtar tábhacht fhéiniúlaíoch ar gan a bheith

ag léamh – nó gan ábhar faoi leith a léamh, ach go háirithe. Bhí smaointeoirí Gaeltachta eile níos dearfaí i leith na litearthachta. Ón scoil a d'fhoghlaim Pádraig Ua Maoileoin a chuid Béarla, a dúirt sé linn, agus mórtas aige as feabhas an Bhéarla agus an fheasacht ghinearálta theangeolaíoch a thug sé leis (1960: 21) ón 'institiúid ghallda'. Agus faoi mar a admhálann muintir Chorca Dhuibhne fós, murach institiúid ghallda na scoile Protastúnaí a bheith sa Bhlascaod Mór agus Tomás Ó Criomhthain ag éirí aníos ann, ní dócha go bhfágfaí a leithéid de shárshaothar agus *An tOileanach* in aon chor againn. Go deimhin, chuaigh roinnt de mhíreanna seanchais Sheáin Mhic Chriomhthain féin i ngleic le ceist na litearthachta ar bhonn magúil ar nós 'An fear gan scoláireacht a thóg an leabhar agus a léigh é' (§437 | CBÉ, 968: 280-281). Bhí léamh agus scríobh á mhúineadh i gCill Maoilchéadair i gceann de na 'scoileanna neamhspleácha Protastúnacha' mar a thug Mícheál Ó Dubhshláine orthu a mhínigh le fianaise ón 'Twenty-fourth report of the Church Education Society' go raibh '*agenda* éagsúil ar fad acusan, an Ghaeilge a úsáid chun an Bíobla a mhúineadh dos na leanaí ina dteanga féin le súil go n-iompóidís ar an gcreideamh Protastúnach'. Thug Ó Dubhshláine le fios gur cúigear déag a bhí ag freastal ar scoil Phrotastúnach na Cille sa bhliain 1863, agus go raibh 'na scoileanna sin ag teip ó 1850 amach agus ná beadh aon bhagairt uathu a thuilleadh mar a bhí sa drochshaol nuair ba mhó an freastal a bhí orthu ná mar a bhí ar na scoileanna náisiúnta' (Ó Dubhshláine, 2000: 113).

Bhí 'institiúid ghallda' eile ar fad níos gaire arís do thigh Sheáin Mhic Criomhthain ná an scoil, .i., eaglais Phrotastúnach Chill Maoilchéadair, agus in ainneoin uileláithreachta na bProtastúnach sa cheantar, agus in ainneoin na bhfadhbanna a bhí ag muintir Ghaelach Mhic Criomhthain leis na sagairt Chaitliceacha áitiúla, faoi mar a chonacthas i dtús na caibidle seo, bhí sé ina chúis áthais do Sheán Ó Dubhda nach bhfuair an Protastúnachas aon ghreim orthu:

Lá na Faoillí, 1940

Bhí an scoil Phrotastúnach gallda i mbéal an dorais acu, fiú amháin, ach níor bhacadar leo, (CBÉ, 1115: 19).

Mar Chaitlicigh, dar ndóigh, a cláraíodh na Criomhthanaigh i ndaonáirimh na bliana 1901 agus 1911. Ach dá mhéad moladh a bhí ag Seán Ó Dubhda a d'fhill arís agus arís eile ar théama an Ghaelachais is an Ghalldachais agus é ag scríobh ar an gCriomhthanach, ní raibh an Criomhthanach gan Bhéarla, ná ní raibh a chuid Gaeilge glan ar fad ó thionchar an Bhéarla, más fíor don méid a dúirt an Dubhdach níos déanaí:

[12 Samhain] 1936

Tá fo-abairt sa chaint, agus tá dul an Bhéarla orthu, ach is fíorbheag acu atá ann. Ní hamhlaidh ná raibh an dul Gaelach ina chaint, ach tá Béarlachas ag sleamhnú isteach i gcaint na sean-Ghaeilgeoirí, (CBÉ, 621: 190).

Ní gá go mbeadh an Béarla ar eolas ag duine den tseanghlúin i dtreo is go sleamhnódh an Béarlachas isteach ina chuid cainte, agus a fhianaise sin againn in *Na hAird Ó Thuaidh* in athuair, Pádraig Ua Maoileoin ag tabhairt le fios go raibh daoine ann a bhíodh ‘chomhneamhthuisceanach san ar an mBéarla ná creidfidist in aon chor thú dá ndéarfá leo go raibh focail Bhéarla á úsáid trína gcuid Gaeilge acu’ (1960: 32). Leis sin, bhí scéal ag Ua Maoileoin i dtaobh Gaeilgeoir cathrach ar chuairt chun na Gaeltachta agus é ag tabhairt suntais do chaint an fhir Ghaelaigh sa ród roimis:

“Practiseáil,” arsa an stróinséir, “ach nach focal Béarla é sin agat?”

“Ar mh”anamsa féin nach ea,” arsa Paid, suas leis an bpus aige, “ach focal breá Gaelainne atá riamh againn agus age n-ár muintir romhainn.”

“Ach, ná déarfá gurbh fhearr d’fhocal “cleachtadh’ go mór ná é, agus cad ina thaobh nach é atha agat?” a dúirt an stróinséir thar’n ais (1960: 33).

Bhíodh a leithéid de dhéantús agus ‘-áil’ á bheith á chur mar iarmhír le briathra an Bhéarla go minic i gcaint an Chriomhthanaigh gan dabht (c.f. mar shampla ‘*wheeláil*’ in §304 | CBÉ 966: 55-56 agus ‘*scrapeáil*’ in (§60 | CBÉ, 982: 33), agus gné sheanbhunaithe de shaol na Gaeltachta, dar ndóigh, is ea an cineál seo teagmhála leis an mBéarla. Ach má bhí an Sacs-Bhéarla ar a thoil ag Seán, agus é inniúil ar a bheith ag imirt go fileata idir an dá theanga dá chomhartha sin, cainteoir aonteangach Gaeilge ab ea a athair, dar le daonáireamh na bliana 1901. Ba é cúram an ateangaire a thiteadh ar

Sheán nuair a thagadh cuairteoirí aonteangacha an Bhéarla go dtí an tigh, faoi mar is léir ón gcur síos seo a leanas ar oíche seanchais ar an gCill, agus iachall á chur air a chur in iúl dá athair, nár thuig Béarla an chuairteora, nár ghá an coileach a chur amach:

Triúr againn a bhí istigh, mise is m'athair, is é fhéin. Bhí m'athair ag caint mar gheall ar an gcoileach ag teacht comh déanach.

'Abair lé t'athair,' arsa é sin, 'ná fuil aon díobháil ansan. Ní thagann coileach lé haon drochscéal,' (§387 | CBÉ, 968: 155-156).

Ní foláir nó bhí aithne ag Seán Óg ar chomháitritheoirí eile Gaeltachta eile a bhí ar fhíorbheagán Béarla chomh maith mar sin, agus is do dhuine den sórt sin, ba dhóigh le duine, a thagraíonn an mhír 'Gad mara' (§160 | CBÉ, 968: 17-18), mar shampla. Dearcadh thar a bheith oscailte a bhíodh ag muintir na Gaeltachta i leith an Bhéarla go ginearálta, agus is léir é sin ón scéal seo gurb é a thiteann amach ann ná gur chuaigh buachaill ó Éirinn go Sasana fadó go bhfoghlaimedh sé Béarla. Is cosúil gurbh é an bheannacht chómónta a bhíodh suas an uair sin i Sasana ná 'good morrow', agus sin é an t-aon nath cainte amháin a d'fhoghlaim an buachaill ó Éirinn. Tharlódh gur chiall eile a bhainfeadh an cainteoir Gaeilge as na fuaimeanna céanna – dar leis an gcainteoir Gaeilge go bhfuil sé de chuma ar an bhfrása '*good morrow*' gur cineál planda atá ann, 'gad mara' as Gaeilge, agus nuair a tháinig an buachaill ó Shasana abhaile, bhí sé ábalta ábhar magaidh a bhaint as an gcomhtharlúint theangeolaíoch sin. Agus é ag filleadh ar an bhfód dúchais, tar éis a sheal a chaitheamh i Sasana, fiafraíodh dó an raibh aon Bhéarla aige, agus is é an freagra a thug sé ná go raibh, ach gur chaill sé é ar an bportach agus é i ngiorracht don tigh ar a shlí abhaile. Scéilín éadrom é seo ó stór béaloidis an Chriomhthanaigh, ach is díol spéise é gur tuigeadh do mhuintir na Gaeltachta gur go Sasana a raghadh an té ar mhaith leis an Béarla a fhoghlaim.

Ba chúis ríméid riamh é d'áitritheoirí Gaeltachta a chasfadh ar chainteoirí maithe Gaeilge 'i ndúthaí fairsinge an Bhéarla' uathu soir mar sin féin, agus is léir sin ó *Ar Muir is Ar Tír*, cuntas a bhreac Risteard Breathnach ó fhear ón mBlascaod Mór, Muiris Ó Catháin. Ba nós le Muiris tagairt a

dhéanamh do chaighdeán Gaeilge na ndaoine ar bhuail sé leo sa taisteal dó 60km ar shiúl na gcos i dtreo Chaisleán Ghriaire, áit gur bhéas le Seán Mac Criomhthain ‘An Caisleán’ a thabhairt uirthi (§238 | CBÉ, 980: 957-959). ‘Bhí Gaelainn bhlasta aige, ar mh'anam’ a bhreith a thug an Cathánach ar fhear amháin ar linn a thurais (1991: 39), faoi fhear eile mheas sé go raibh Gaelainn ‘maith a dhóthain’ aige (ibid : 40), agus ‘Gaeilgeoir maith’ ab ea duine eile acu (ibid : 46). Ní mór a chuaigh an Criomhthanach ag taisteal, agus ní fios ar chuaigh sé lastoir den Daingean in aon chor lena linn, ach bhíodh a leithéid á rá aige féin faoi stróinséirí a mhair i bParóiste na Cille:

Bhí máistir scoile ann uair, agus bhí bean sheana-Chonnor a bhí anso thiar, ní raibh aon fhocal Gaelainne aici... Bhí síbín ar an Muirígh, agus thugadar an oíche ag ól ann, agus lá arna mháireach, tháinig sí ag baint sásaimh do Flaherty, an máistir scoile, gurb é a rug ar an Muirígh é. Bhí Gaelainn ana-dheas aige, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Pléitear an chumarsáid idirtheangach in amhrán macarónach a deireadh Seán Mac Criomhthain, dar teideal ‘Age Teorainn Chluain Meala agus Charraig na Siúire’. Ó bheirt óg a chloisimid i rith an amhráin seo; pearsa fhireann gan Bhéarla, .i., spailpín Gaeltachta, Béarlóir baineann gan Ghaeilge, .i., an cailín áitiúil. Oíche ragairne a thug le chéile iad, agus níorbh í aon deoch a chuir isteach ar an gcumarsáid eatarthu, ach cúrsaí teanga:

Do dh'freagair an ainnir mé as teanga mhaith Bhéarla,
n'fheadarsa féinig cad 'dúirt an bhean óg.

N'fheadar cad 'deireann tú, dubh sochas donn,
tá an Béarla ródhaingean, is mise ródhall, (CBÉ, 967: 143-144).

Chuirfeadh móitíf seo na bacainne teanga Yolland agus Máire ó *Translations* le Brian Friel i gcuimhne do dhuine, agus faoi mar a tharla sa dráma iomráiteach úd, sáraíodh an t-aonteangachas leis an ngrá a d'fhás idir an bheirt in ‘Age Teorainn Chluain Meala agus Charraig na Siúire’ chomh

maith, amhrán a bhfuil leagan de foilsithe in *An tAmhrán Macarónach* (Ó Muirthe, 1980: 41). Tá caint ar phósadh i línte deireanach an amhráin i leagan an Chriomhthanaigh:

Now my dear Johnny, I know what you mean,
you are a brave thrasher, and that's a good trade,
before we get married, we'll travel away,
I hope we'll live happy, the rest of our days¹, (CBÉ, 967: 143-144).

‘Fear mór seanamhrán’ a bhí sa Chriomhthanaigh, a dúirt Seán Ó Dubhda (1948: 71), agus anuas ar na clasaicí, thug sé leis na hamhráin a bhí cumtha ag a athair roimis:

Chum m'athair amhrán Pharnell. Bhíos ag eachtraí dhuit cheana ar an amhrán. Scrís dhá cheathrú dho, ach chuimhníos ar cheathrú eile ó shin, (§390 | CBÉ, 1035: 320-322).

Ní gan cúis a tugadh filí na Cille orthu seo, ach más ea, níor mhór an léargas a thugadh bailitheoirí ar ghné an cheoil d'ábhar na bhfaisnéiseoirí de ghnáth. Is minic obair na mbailitheoirí béaloidis á lochtáil mar gheall air seo, ach más minic, ní bheadh aon leagadh ag Breandán Mac Gearailt lena leithéid: ‘níor mhór do dhuine,’ arsa é sin, ‘an-mháistreacht a bheith ar an gceol aige le go bhféadfadh sé an chrích cheart a chur ar an gceol agus ar na focail’ (Mac Gearailt, 2010: xii²). Is cosúil, áfach, go dtarlaíodh sé nár cuireadh an Criomhthanaigh aon ghuth ar na hamhráin a dheachtaigh sé do Sheosamh Ó Dálaigh, gan a bheith ar siúl aige ach focail an amhráin a bheith á rá amach aige: ‘Bhí cúpla amhrán leis aige... níor chuir sé aon ghuth orthu ach na focail a rá’ (CBÉ, 1045: 111). An t-aon fhianaise atá againn ar é a bheith i mbun amhráin a rá, is le ‘tathant mór’ a dhein sé a leithéid:

¹ Níor cuireadh an t-amhrán seo san eagrán seo de réir chinneadh eagarthóireachta a tógadh gan aon amhrán a chur sa tráchtas mura mbeadh seanchas ag gabháil leis, ach tá gnéithe den amhrán seo pléite agam féin in alt liom in *Construction / déconstruction des identités linguistiques* (2017).

² Is iad na hamhráin a chuir Breandán Mac Gearailt in *An Blas Muimhneach II* ón gCriomhthanaigh ná iad seo a leanas: ‘Davies’; ‘Rócán fé Pharnell’; ‘Cailleach na Gaibhle’; ‘Is fada mé ar buaireamh’; ‘An Cnagaire Gránna’; ‘Mairéad de Róiste’; ‘Grá Cléibhe’; ‘Máire Bheag na Gruaige Báine’; ‘An Seanduine agus an Bhean Óg’; ‘An Buachaill Óg agus an tSeanbhean’ (2010: 232-250). Ó thras-scribhinní Sheáin Uí Dhubhda a fuair sé na focail do gach ceann de na hamhráin seo. Ba é ‘An Cnagaire Gránna’ ab ábhar do cheann de na ceisteanna a chum an Gearaltach mar chuid den mhír rialta a bhíonn sé ag scríobh in *Corca Dhuibhne Beo* (2016: 30). Cé a chum an t-amhrán an cheist, agus ‘File na Cille, Seán Mac Crithin’ an freagra. Tá a sháith á déanamh ag Breandán Mac Gearailt i dtreo ainm an Chriomhthanaigh a choimeád i mbéal an phobail ach go háirithe.

13 Iúil 1948

Dúirt leis na focail a rá den amhrán san “Léan ar mo leasmháthair is umbochón, do thug anso im bhá mé is umbochón.” Dúirt, ach ní bheadh [Katy McLeod] sásta go gcanfadh sé é. Le tathant mór, do dhein, (CBÉ, 1291: 306).

Más ea, is cosúil go raibh na focail go cruinn aige, agus é ag teacht i gcabhair ar Sheosamh Ó Dálaigh bearnaíocha a bheadh in amhráin leath-thras-scríofa a líonadh:

Bhí leabhar go raibh a lán amhrán ann leis an gCrimhthanach go raibh bearnacha iontu gan líonadh isteach, agus b’fhearr liom ná rud maith go mbeadh sé socair agam, (CBÉ, 1045: 98).

Le saibhreas teanga, seanchais agus amhránaíochta den chineál seo, ní nach ionadh gur díriodh ar Chorca Dhuibhne mar cheann de na dúichí ba thábhachtaí agus ba shaibhre sa tír ó thaobh scéalaíochta agus seanchais ó aimsir Athbheochan na Gaeilge amach. Mar gheall air seo a ceapadh daoine ón leithinis chéanna mar bhailitheoirí lánaimseartha béaloidis nuair a bunaíodh Coimisiún Béaloideas Éireann sa bhliain 1935, cé go raibh roinnt mhaith tras-scríofa ag Seán Ó Dubhda agus Duibhnigh eile roimhe sin leis – peann, pár, agus an t-eideafón ar uairibh, á bhfearadh acu:

I bparóistí Chill Mhaolchéadair, Chill Chuáin agus Fionntrá, ar gach taobh de, a fuair [Seán Ó Dubhda] na hábhair... isna na blianta 1929, ’30 agus ’31 a thóg sé ar an eideafón [sic] ó na scéalaithe [an t-ábhar] agus do scríobh ina dhiaidh sin é féin iad ó na fiteáin céarach – agus bíodh a fhios ag an léitheoir gur obair í sin nach mór a lán foighne agus cúraim chun í a dhéanamh le slacht, (1948: 71).

Thug Seosamh Ó Dálaigh (1909-1992) an cuntas seo a leanas ar an eideafón a bhíodh acu:

Saghas gramafóin ab ea an eideafón [sic] so agus é idir trí agus ceithre clocha meáchaint. Bhí fearsad amach as... agus théadh sorcóir anuas ar an bhfearsaid sin. Sochóir céarach a bhí ann timpeall le sé n-órlach ar faid, is dócha, agus dhá órlach go leith trasna. Ba shin é an fiteán. Chuirfeá snáthaid anuas ar cheann don bhfiteán, agus bheadh an fiteán ag casadh leis. Bhí píp amach as an meaisín, agus labhradh an seanchaí isteach sa píp sin. Is é an sorcóir a bhíodh ag casadh agus an tsnáthaid ag gluaiseacht ar aghaidh i gcónaí go dtí go sroiseadh sí deireadh. Ansan stadainn an meaisín agus chuirinn fiteán eile suas, (Tyers, 1999: 13).

Bhí an méid seo le rá ag Críostóir Mac Cárthaigh mar le modhanna an Dálaigh:

Depending on the pace of the delivery of different informants, a cylinder could record between 800-900 words, sufficient in most instances for a single legend narrative. Ó Dálaigh made extensive use of footnotes in order to clarify place-names and terms mentioned in the text, occasionally offering glosses of words. Where a word or phrase was unclear in his transcription, if possible he would query this with his informant, or otherwise make use of square brackets in the text to indicate a gap in the transcription. Pauses and asides are also indicated in his texts or in footnotes, (Mac Cárthaigh, 2015: 89).

Níor ghá fanacht i bparóistí Chorca Dhuibhne dar ndóigh, agus bhailigh Seosamh Ó Dálaigh, mar shampla, seanchas agus scéalta i gcontaetha Luimnigh, Phort Láirge, Thiobraid Árann, Chorcaí, agus Chiarraí. Is lena chontae dúchais is mó a bhaineann a chuid oibre mar sin féin, agus tá c. 40,200 leathanach ar fad le fáil uaidh i gcartlann an Choimisiúin, i dtaca lena chuid oibre i gCiarraí amháin, más fíor d'áireamh Sheáin Uí Shúilleabháin (CBÉ, 35: [gan uimhir leathanaigh]). Ó Lúnasa 1936 go Samhain 1951 a bhí an Dálach ina bhailitheoir lánaimsire béaloidis ag an gCoimisiún (CBÉ, 1292: 620), duine de na bailitheoirí béaloidis ba thábhachtaí in Éirinn sa 20^ú haois agus, go deimhin, ní túisce a ainm luaite i measc scoláirí na Gaeilge ó shin ná go moltar a chuid peannaireachta a bhí go néata cruinn riamh, agus meas á léiriú aige ar threoir Sheáin Uí Shúilleabháin in *A Handbook of Irish Folklore*: 'write as neatly and legibly as possible. All manuscripts are preserved', (Ó Súilleabháin, 1942: xii). Mar mhúinteoir scoile ar dtús a cáilíodh é (Mac Cárthaigh, 2015: 80), agus thuill sé moladh mór mar bhailitheoir díograiseach córasach ina dhiaidh sin, mar a mhíníonn Críostóir Mac Cárthaigh:

He followed rigorously the Commission guidelines for collectors, which included preparatory visits to an informant where he was to make notes on the informant's repertoire of tales and legends. Follow-up visits were then made to record these items. Having elicited as many tales and legends as possible in this way, Ó Dálaigh would go on to record from selected informants their wider repertoire of traditions in a structured, systematic way, following the instructions of Ó Duilearga and Seán Ó Súilleabháin, the Commission's archivist. The actual extent of training provided to Ó Dálaigh is unclear: certainly, the Commission's ideal of bringing new collectors

to Commission headquarters in Dublin for a spell of in-house training was never realised, (ibid: 80-81).

Is éachtach an obair a dhein sé agus atá anois ar taifead sna lámhscríbhinní a fágadh le hoidhreacht againne, dar le Caoimhín Ó Sé a thagann a bheag nó a mhór leis na fíricí thuasluaite:

Thug an Dálach ó mhí Lúnasa 1936 go dtí an 4[ú] lá de mhí na Samhna 1951 i mbun na hoibre seo. Feictear toradh a chuid oibre i mbailiúchan an Choimisiúin atá le fáil anois i Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ina bhfaightear 40,200 leathanach óna lámh. I gCorca Dhuibhne a chnuasaigh sé formhór mór an ábhair. Faightear tuairim is 5,640 leathanach eile de nótaí cinnlae uaidh sa bhailiúchán céanna, (Ó Sé, 2001: viii).

Maidir leis na nótaí cinnlae seo a luaigh Caoimhín Ó Sé, bhíodh iachall ar bhailitheoirí an Choimisiúin dialann rialta a choimeád agus cúram an bhailithe ar siúl acu, agus 5,610 leathanach den 40,200 a luaigh Seán Ó Súilleabháin a bheith againn ó pheann an Dálaigh, is ábhar cín lae atá ann. D'fhágfadh an méid sin gur 4,970 leathanach de shleachta dialainne atá i gcartlann an Choimisiúin ó Sheosamh Ó Dálaigh, seachas an 5,610 a luaigh Seán nó an 5,640 a luaigh Ó Sé. Faoi mar a thabharfadh an téarma 'cín lae' le fios, is iontrálacha laethúla ar an morgóir atá le fáil againn i ndialanna na mbailitheoirí. Thugtaí dáta leis an iontráil i gcónaí, ach uaireanta, ní thugtaí ach ainm na féile, má bhí a leithéid i gceist (c.f. na tagairtí ar fad sa tráchtas seo do CBÉ, 1115 ina dtugtar 'Lá na Faoillí' mar dháta).

An Coimisiún agus an Criomhthanach: Cleachtais agus Comhluadar

Idir iontrálacha cín lae agus mhíreanna tras-scríofa seanchais, is léir gur shamhlaigh Seosamh Ó Dálaigh tábhacht ar leith le Seán Mac Criomhthain, faoi mar a dheimhnigh sé i bhfad ina dhiaidh sin in agallamh a chuir Pádraig Tyers air:

T: Cérbh é an scéalaí ab fhearr nó an té ba mhó béaloideas a casadh ort?

Ó D: Caithfidh mé a rá gurb í Peig Sayers an duine sin. Bhailíos a lán Éireann scéalta uaithe, agus eachtraithe agus amhráin. Agus bhailíos, b'fhéidir, is dóigh liom gur bhailíos idir trí chéad agus ceithre chéad píosa seanchais ó Pheig Sayers go raibh teideal orthu. Ní fheadar cad é an rud a ghlaofainn orthu san. Ach bhailíos an oiread céanna, is dócha, ó Sheán Criomhthain i gCill Mao[i]lchádair (Tyers, 1999, 82).

Is léir, mar sin, go raibh an-saibhreas go deo ag an gCriomhthanach, agus é curtha ar aon leibhéal tábhachta i gcáipéisí an Choimisiúin le leithéidí Pheig Sayers, Tomás Ó Criomhthain, Séamas Beag Ó Lúing, agus daoine eile nach iad. Cuirim i gcás an méid a chuir Seán Ó Dubhda in iúl don Choimisiún ar Lá na Faoillí, 1940 i dtaobh na míreanna seanchais a bhí á soláthar aige dóibh ón gCriomhthanach:

[?] Meán Fómhair 1935

Nuair a chífear i gcló iad, beidh amhras go bhfuil saibhreas déanta, mar a chuir leabhra Pheig Séars is Thomáis Chriomhthain is fiche bliain ag fás le fiar dabhaigh¹ iad. Is dóigh leo go bhfuil saibhreas ór ins gach leathanach. Ní thuigid é, ach is measa an dream go bhfuil a fhios acu, b'fhéidir, ag cur na seanchaithe suas chun fanacht ina dtost... tá na seanchaithe ag éalú leo, (CBÉ, 1115: 10).

Is é an gnó a bhíodh ag bailitheoirí an Choimisiúin ná seanchaithe a mhealladh amach as a dtost, toradh an tsaothair á sholáthar don phríomhoifig san ardchathair. Tugann dialanna na mbailitheoirí léargas ar na cineálacha cur chuige a bhíodh acu chun é sin a dhéanamh, agus is minic iad ag caitheamh solais thar a bheith suimiúil ar thréithe agus ar chúinsí na seanchaithe agus na mbailitheoirí féin, maille leis an gcaidreamh a bhí eatarthu. Go deimhin, is ar fhianaise ó dhialanna Sheáin Uí Dhubhda agus Sheosaimh Uí Dhálaigh a bunaíodh an mhórchuid dá bhfuil le fáil sa chaibideal seo. Bhí nach mór ocht mbliana de chúram an bhailithe déanta ag an Dálach faoin tráth gur bhuail sé le Seán Mac Criomhthain – leathshlí trína thréimhse mar bhailitheoir. Mait Gromail a tharraing anuas ar dtús dó é i mí an Mheithimh 1944:

¹ .i., “le gealaigh”, “as a meabhair”.

4 Meitheamh 1944

Do chuas ó thuaidh 'dtí Mait Grommel. Ní raibh Mait tagaithe isteach, ach do chuir cliamhain mhaith gearrchaile beag ag glaoch air. Tháinig sé i gcionn tamaill:

“Féach,” ar seisean, “á mbeadh an lá breá, gheobhaimist suas chuin Criomhthanach na Cille. Tá mórán scéalta aige.”

Bhí an lá athraithe an uair seo.

“Ach ós rud é ná fuil,” ar seisean, “déarfaidh mé cúpla scéilín éigin duit”, (CBÉ, 943: 427).

Seosamh Ó Dálaigh agus Seán Mac Criomhthain

Ní bhfuair an Dálach aon aithne ar Sheán Mac Criomhthain an lá sin má tá, ach gheobhadh sula mbeadh an mhí sin istigh ar lá Shin Sheáin go díreach:

29 Meitheamh 1944

Chuas ar an Muirígh 'dtí Mait Grommel. Ach ní raibh Mait istigh. Chuaigh teachtaire ar fuaid an bhaile, ach ní raibh sé lé fáil. Dúirt fear an tí gur dócha gur thuas ag an gCriomhthanach ar an gCill a bhí sé, agus dul suas. Is ea, d'imíos suas ar an gCill 'dtí tig an Chriomhthanaigh. Tá teist mhaith ag Mait Grommel, agus ag Peats Dhónaill ar an gCriomhthanach – mar sheanchaí. Chuas isteach. Bhí Mait agus an Criomhthanach ar dhá chathaoir cois na tine, agus is é Mait a dh'aithnigh mé. Bhí bean an Chriomhthanaigh in aice le cliabhán ar an dtaobh eile dhon dtine, agus leanbh bliana ina bucht aici. Deirfiúr do Mhait is ea bean an Chriomhthanaigh. Bhí beirt shlatairí gearrchailí leis ann. Tá mac leis an gCriomhthanach pósta sa tig, ach ní raibh sé sin ná a bhean istigh in aon chor. Fáiltíodh romham, agus d'aithníos láithreach ar an gCriomhthanach go raibh fáilte aige romhainn. Bhí sé curtha ar a shúile ag Mait cad é an cúram a bhí orm. Bhí tig breá fairsing ansan, é breá glan slachtmhar, agus tine bhreá ann, gairdín bláthanna ar aghaidh an tí amach, agus radharc trí bhéal an doiris amach ar Chuan Ard na Caithne.

Tá an Criomhthanach leathbhodhar ann féin, fear lom ar a aghaidh, caol ard, agus caipín a bhíonn air. Fear ana-chneasta. Tosnaíodh láithreach ar eachtraithe, agus do bhíos á mbreacadh síos im leabhar nótaí. Dúirt seana-bhean an tí leis é a thógaint bog, agus aga a thabhairt dom scríobh. Do dhein agus do bhíos ag breacadh liom.

“Is breá lém chroíse,” ar seisean, “a bheith ag gabháilt do sheanascéalta marach is é rud is mó a thagann liom ná faighinn éinne a dh'éistíonn liom.”

Bhíodar ag tathant bídh orm, ach do dhiúltaíos do, agus lé tathant mhór, thugadar mo thoil domhsa. D'fhanas ann go dtí tréis a sé a chlog, agus ní dh'fhágfainn an uair sin leis ach do ghaibh sé mo leathscéal. Dúirt sé go gcaithfeadh sé dul ag féachaint i ndiaidh gamhna. D'fhiarthaigh sé dhíom cathain a bheinn ag teacht aríst. Dúirt gur Dé Domhnaigh.

“Tá go maith,” ar seisean, “beidh fáilte agamsa romhat”, (CBÉ, 943: 449-452).

Bhí, agus an-fháilte. Níorbh fhada go raibh béas déanta ag Seosamh de bheith ag dul go dtí an Criomhthanach ar an Domhnach, agus ba leasc leis an nós sin a bhriseadh. Is cosúil gur ar an Domhnach amháin a bhí an Criomhthanach ar fáil, srian ama nach dtugtar le fios riamh cén chúis a bheadh leis:

2 Iúil 1944

D'fhágas an tig tréis an dinnéir, ar aigne roinnt fiteán a líonadh ó Mhait. Do bhaineas amach Mait, agus bhíos tamall ansan.

“Tá sé comh maith agat gan aon mhoill a dhéanamh anois,” arsa Mait liom, “tá an Criomhthanach ag feitheamh leat inniubh, agus beadsa anso aon lá dhon seachtain, agus níl aon seans agat air siúd ach na haon Domhnach”, (CBÉ, 943: 453).

2 Iúil 1944

Dúirt leis go ngeobhainn chuige aríst Dé Domhnaigh, agus dúirt sé liom go mbeadh fáilte aige féin romham. Do chuireas díom ansan, agus sásamh aigne orm go raibh aithne curtha agam ar sheanchaí eile, (CBÉ, 943: 456).

Sochraid a bhí ar an gCill a dhein ócáid do Sheosamh Ó Dálaigh dul isteach go dtí an Criomhthanach lá amháin:

Lá Coille 1945

Bhí sochraid ag teacht ar an gCill. Sochraid an Dochtúir Ó Muircheartaigh ón Daingean. D'fhanas leis an sochraid i máam Bhaile na nÁth, agus ghluaisíos in éineacht léi go dtí an C[h]ill. Bhí ana-shochraid ann. Chuas isteach dtí Seán Criomhthain tréis na sochraide, (CBÉ, 1045: 88).

Ba é an bás féin a tharraing isteach é lá amháin, agus ba ar éigean a choscfadh tinneas nó drochaimsir an Dálach ach an oiread, fear i mbun a fhocail:

23 Iúil 1944

Ghaibheas amach, agus is ar éigean a bhíos in ann gabháilt amach, mar bhí tinneas im chromán, agus is ar éigean a d'fhéadfainn siúl. Domhnach ab ea é ach mar sin féin, bhí sé

geallta agam do Sheán Criomhthain go raghainn ag triall air, (CBÉ, 1045: 14).

3 Nollaig 1944

Bhí an lá ceoch fliuch, ach bhí geallta agam do Seán Criomhthain Cill Maoilchéadair go raghainn chuige, agus níor mhaith liom gan dul. Bhaineas an Chill amach. Ní raibh aon tsiúl aige liom toisc an lá a bheith comh holc, (CBÉ, 1045: 78).

7 Eanáir 1945

Fé mar a dúrt inné leis an gCriomhthanach, is istoíche a chuas chuige. Bhí sé istigh ag feitheamh liom go fáilteach agus go foighneach, (CBÉ, 1045: 89).

Níor mhiste leis an Criomhthanach a dhúiseacht dá dtiteadh an codladh air sa bhfeitheamh dó:

6 Deireadh Fómhair 1947

Bhí Seán ag titeam dá chodladh taobh na tine, agus bas féna leathcheann. Mhúscaíl sé nuair a chuas isteach, agus ní fada ná go raibh an seanchas insa tsiúl againn, (CBÉ, 1291: 663).

28 Bealtaine 1945

Bhí sé istigh cois na tine, agus srúmatáil codlata ag titeam air. Dhúisigh sé. Bhí an slaghdán fós air. Thugas liom mo chathaoir taobh leis, agus is gearr go rabhamair ag seanchas cé go raibh ana-chasachtach air, (CBÉ, 1045: 160).

26 Samhain 1944

Bhí Seán Criomhthain ina chodladh ar an gcathaoir cois na tine romham nuair a chuas isteach. Dúrt gan é a dhúiseacht ach do bhuail duine bas ar a ghlúin, agus dúisíodh á, (CBÉ, 1045: 73).

6 Deireadh Fómhair 1947

Bhí Seán sa chúinne, bas féna leathcheann aige, agus é ag míogarnaigh. Bhí tamaillín ann sara múscaíl sé, agus chimil sé bas dá shúile, agus chuir fáilte romham féin nuair a chonaic sé mé. Bhíomair ag gearán ar an lá, ach ag moladh na haimsire a bhí imithe, (CBÉ, 1291: 63).

Uaireanta, bhíodh sé de thiarnúlacht ann go bhfanadh sé sa tigh go dtagadh codladh ar gach aon duine de lucht an tí:

6 Feabhra 1948

Bhí codladh ag teacht ar mhuintir an tí ansan, agus d'fhágas iad, (CBÉ, 1291: 117).

Ar uairibh, bhí an Criomhthanach sásta obair an ghoirt a thréigean ar mhaithe leis an scéalaíocht:

22 Bealtaine 1945

Bhí an lá ana-bhreá. Bhíos thuaidh istigh age Seán Criomhthain roimhena trí. Bhí sé istigh mar bhí slaghdán air.

“Mheasas,” arsa mise, “gur sa ghort a bheifeá.”

“Dá mbeinn féin,” ar seisean, “thiocfainn isteach chughat,” (CBÉ, 1045: 158).

Is fiú an méid seo a chur i gcomparáid leis an iontráil seo a chuir síos ar lá a ghabh an Dálach chuig Mait Gromail a bhí amuigh i ngort:

“Tá Joe Daly ag teacht,” arsa an buachaill beag lé Mait, agus Mait agus griothal air i ndiaidh na mbó.

“Bíodh an diabhal aige,” arsa Matt.

Mheas sé ná rabhas comh cóngarach... (CBÉ, 1045: 12).

Ba mhór idir an dá sheanchaí sa mhéid sin. Ní hé sin le rá nach mbriseadh ar fhoighne an Chriomhthanaigh ar bhealach thar a bheith séimh ar uairibh áfach:

Bhuaileas liom léim rothar gur chuas ’dtí an gCriomhthanach ar an gCill. Bhí sé istigh romham.

“Nách déanach a tháinís inniu?” ar seisean.

“Is fada anois gur thugais turas, agus cathain a gheobhair an treo aríst?” ar gach cuaird acu liom, (CBÉ, 1045: 56).

Léiriú eile go raibh Seán ar a shuaimhneas i dteannta an bhailitheora is ea an ghontacht chainte a bhfuil fianaise uirthi sna giotaí gearra comhrá seo a leanas agus atá thar a bheith Duibhneach, caithfear a rá:

Ach deineadh caoineadh dho, bean éigint a bhí i bParóiste Múrach is dóigh liom.

Cad ab ainm di?

’On diabhal a bhfeadar, (§436 | CBÉ, 967: 60-63).

Conas a tháinig Muintir Dhálaigh?

N'fheadar. Ní foláir nú tá a fhios agat é sin, (§352 | CBÉ, 982: 11-13).

Is tapaidh a chuir Seosamh Ó Dálaigh aithne ar mhuintir an tí, agus bhídís ag súil lena chuairt. Ba bhreá leis féin a bheith ina measc go seascair timpeall na tine stuaicín a bhí mór breá. Is é an t-imeacht céanna a bhíodh acu gach aon tráthnóna, a dúirt Seosamh Ó Dálaigh:

14 Deireadh Fómhair 1947

Mise sa chúinne ar chathaoir. Seán taobh liom ar chathaoir eile, agus fios aige go maith cad é mo chúram. Sin mar a bhíos inniu. Sin mar a bhím gach turas, cúram tí á dhéanamh, agus gan éinne ag cur isteach ná amach orainn ach nuair a bhíonn aon chaint ná baineann le gnó againn, (CBÉ, 1291: 71).

Bhíodh an braon tae agus an comhrá tíriúil ina gcuid thábhachtach den taithí a bhí ag an Dálach nuair a bhaineadh sé an tigh amach:

8 Samhain 1950

D'ólas braon té ann. Bhíodar ag eachtraí dhom ar an ngála a bhí ann arú aréir. Do leagadh sé cinn do stácaí ar fhear ar an mbaile, agus cuireadh trasna an bhóthair é. D'fhiarthaíodh [sic] díom cad é an bóthar a thugas orm féin ag dul abhaile an oíche sin, agus dúrt leo gur chuinn Baile na nÁth a ghaibheas. Dúradh liom dá ngeobhainn chuinn Clochán Dubh go gcaithfinn casadh mar go raibh arbhar an duine sin trasna sa bhóthar romham. Bhí an t-ádhdh liom dréir dealraimh, (CBÉ, 1292: 482).

Is léir go raibh dáimh ag muintir an tí le Seosamh Ó Dálaigh, ainneoin an chúraim sholúnda a chruinnigh le chéile iad.

16 Eanáir 1946

Bhuaileas isteach. Ba é an chéad uair é ó phósas, agus bhain gach duine istigh crothadh lámh asam, (CBÉ, 1045: 321).

Ag ceann an bhoird a bhíodh Seán ag deachtú, a chathaoir féin laistíos den Dálach sa tslí is go mbeadh an chluas mhaith aige taobh leis an mbailitheoir. Bhí fear an tí leis sásta a chathaoir féin a

thabhairt suas don chuairteoir, comhartha shoiléir ómóis don bhailitheoir:

4 Feabhra 1948

D'éirigh sé nuair a chonaic sé chuige mé, agus lig sé dhom suí ar a chathaoir féin. D'fhiarthaigh sé díom ciacu ab fhearr liom, an chathaoir cláir nó an c[h]athaoir súgá[i]n. Dúirt leis go ndéanfadh aon cheann acu an gnó.

“B’fhearr liomsa an chathaoir chláir,” arsa seisean, agus shuigh sé [ar] dtaobh thíos díom ar cheann acu, (CBÉ, 1045: 50).



Grianghraf CBÉ, M001.18.00184, arna sholáthar sa tráchtas anseo le caoinchead ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann, Seán agus Seosamh

Bheireadh Seosamh leis a leabhar nótaí, agus a chóip féin de *A Handbook of Irish Folklore*, nó ‘an leabhar gorm le Seán Ó Súilleabháin’, ag gabháil ó thuaidh dó go Cill Maoilchádair:

12 Deireadh Fómhair 1947

Bhí an *handbook* agam, agus caibidil a seacht a bhí á scrúdú againn¹, le mioneachtraihte a léiríonn Seán tábhacht gach éinní, (CBÉ, 1291: 65).

Bhí an *Handbook of Irish Folklore* (1942) ina uirlis thábhachtach ag Seosamh Ó Dálaigh dar leis an gcuntas a thug Críostóir Mac Cárthaigh ar an ‘leabhar gorm’ seo, agus tá sé suimiúil go luaitear an Criomhthanach in aon abairt le Peig Sayers sa mhéid seo a leanas ina ndúirt sé gurbh é a bhí sa *Handbook of Irish Folklore* ná

An essential tool tool for Ó Dálaigh when working intensively with selected informants such as Peig Sayers, or Seán Criomhthain of Muiríoch, (Mac Cárthaigh, 2015: 82).

Sarar foilsíodh an *Handbook of Irish Folklore* in aon chor, chuireadh an Coimisiún ceistneoirí éagsúla ar fáil do na bailitheoirí le húsáid agus iad i bhfochair na bhfaisnéiseoirí. Is i rith an chéad turais ar an tSualainn sa bhliain 1928 dó a taibhríodh ar dtús do Séamus Ó Duilearga go bhféadfaí ceistneoirí a úsáid mar chuid den togra béaloidis in Éirinn, cé gur bhain moill len iad a thabhairt isteach i gceart, mar a mhíníonn Briody:

Nevertheless, it was not until the late 1930s that he was in a position to devise a systematic scheme for collecting tradition by means of questionnaires... Ó Duilearga himself felt that the Commission’s questionnaire system proper got under way in November 1939 with the issuing of a short questionnaire on the Feast of St. Martin, (Briody, 2007: 281).

Tá sé oiriúnach mar sin gur le cabhair an chineáil ceistneora a tháinig ón tSualainn ar dtús chughainn a d’éirigh le Seosamh Ó Dálaigh seanchas fairsing ar na Lochlannaigh a bhailiú ó Sheán Mac Criomhthain, agus tá an ceistneoir féin maille lena thoradh le feiscint in § 409.

Tuigimid ón méid seo a leanas nár leasc leis na bailitheoirí, nó leis an mbailitheoir seo ach go háirithe, ról an scéalaí a tharraingt chuige féin ar uairibh:

¹ .i., ‘Folk-Medicine’ (1942: xxiv). Tá toradh an cheistiúcháin seo le fáil in § 172. CBÉ, 982: 344-351.

2 Iúil 1944

D'eachtraigh sé, samhlaíodh dom, ansan ar bhuachaill a bhí ann ag díol gamhain a bhí aige lé triúr búistéirí, agus a bhail bob orthu. D'eachtraíos an scéal san “an luch agus an dreoilín’ do, (CBÉ, 943: 454).

Eachtraithe gearra is mó a bhí aige dar le Seosamh Ó Dálaigh, agus is óna athair a fuair Seán formhór mór an tseanchais dar leis na lipéid a líon an Dálach amach do gach ceann de na míreanna seanchais a bhailigh sé uaidh. Is gearr gur thuig Seosamh Ó Dálaigh a leithne agus a bhí stór seanchais an Chríomhthanaigh, rud ar thug Seán Ó Dubhda suntas dó na blianta roimis sin:

12 Samhain 1936

Fear deigh-mheabhrach, is ana-chuimhne aige... Ní mór an t-eolas ná na scéalta is na hamhráin a bhí aigena athair ná go bhfuil aige féin, (CBÉ, 621: 190).

Lá na Faoillí, 1940

Raghainn fé ná fuil i gCorca Dhuibhne inniubh aon duine is mó go bhfuil filíocht de ghlanmheabhair, seanrócháin tógtha ó bhéalaithris gan aon chabhair ó leabhraibh, (CBÉ, 1115: 73).

Bhí meabhair an-mhaith ag an gCríomhthanach más ea, agus cé go mbíodh sé neamhspleách ar aon ‘chabhair ó leabhraibh’, bhí sé de shamhlaíocht sa bhfear go bhféadfadh aon rud neafaiseach a bheadh sa tigh a bheith ag feidhmiú mar leid chuimhne dó:

16 Iúil 1944

Bhí scéal á chríochnú díreach aige nuair a ghaibh ciaróg nó darbhdáol chuige in imeall a chos. “Féach,” ar seisean, “gur suarach an rud a chuirfeadh scéal i gcuimhne dhuit”. Bhí scéal láithreach aige ar an ndardaol, (CBÉ, 1045: 10).

Thagadh na scéalta ina dtuile ar an gcuma seo go dtí an Críomhthanach nach dtugadh aon ‘ré aithrí’ don bhailitheoir, an t-am ag imeacht i ngan fhios dóibh dá bharr sin:

12 Samhain 1944

Bhí scéal ar scéal aige nó go raibh sé a cúig a chlog, agus níor fhág sé aon díomhaointeas ar

mo mhéireanna in aon chor go dtína cúig a chlog. Bhí scéal fada ansan aige le tosnú.

“Ach b’fhéidir go bhfuil sé ródheireanach anois?” ar seisean.

Bhí, leis, (CBÉ, 1045: 190).

Cé go maíodh an Dálach gur ‘ar dalladh’, ‘gan stad’, a bhíodh sé ag ‘síorscríobh’ uaidh, agus gur mhinic é traochta ag an gcúram, bhí sé de theist ag an Dálach air go dtugadh sé aga a dhóthain dó gach abairt a scríobh, agus go mbíodh an Criomhthanach sásta a bheith ag friotháilt ar shlí beaga éagsúla air chun obair an tras-scríofa a éascú air:

Lá Samhna 1944

Bhíos ag scríobh ar dalladh bhuaidh, agus bhí toitíní á chaitheamh agam. Fé mar a thiteadh cnapáinín de luath an toitín ar an leabhar nó ar mo chasóg, bhíodh sé glanta ag an gCriomhthanach léna láimh, agus nuair a bhínn chun toitín eile a dheargadh, do lasadh sé sciotachán sa tine dhom, (CBÉ, 1045: 64).

Uaireanta ba é Seán a bhíodh traochta:

19 Meitheamh 1947

Thugas fé ndeara go raibh Seán ana-thitithe. Bhí an fuinneamh agus an ceol a bhí ina chuid cainte ag imeacht, (CBÉ, 1291: 7).

Agus theipeadh ar a chuimhne uaireanta chomh maith, gan dabht:

Scrís síos é seo cheana, ach ní raibh a thosnú in aon chor agam. Níor chuimhníos air. Feirmeoir a bhí ann... (CBÉ, 1035: 340-344).

Bhíodh an Dálach ar a shuaimhneas níos mó nuair a bhíodh an t-eideafón acu chun an seanchas a thógaint síos, agus é féin ag caitheamh toitíní, nó ag ithe, fiú amháin. Bhí béilte bia le fáil ag Seosamh Ó Dálaigh dá mba mhaith leis é, ach b'fhearr leis gan a bheith ag ithe farstu in aon chor, d'fhonn gan cur isteach ar mhuintir an tí ainneoin a bhféile atá soiléir ón méid seo:

12 Deireadh Fómhair 1947

Bhí té ar siúl age muintir an tí, agus bhíothas ag tathant té orm, ach dúrt leo go mb'fhearr liom gan aon bhéile a bheith agam nó go mbainfinn an tig amach, (CBÉ, 1291: 65).

12 Eanáir 1948

Bhí an té ullamh age muintir an tí ansan, agus d'éiríos.

“Féach anois,” arsa bean óg an tí, “ag imeacht ón dté atá Joe.”

Bhíodar ag tathant orm fuireach, agus d'fhanfainn ach dá bhfanfainn, bheidís ag cur trioblóide orthu féin ag déanamh té dhom, (CBÉ, 1291: 100).

Is amhlaidh a thaitníodh níos fearr leis cuairt a thabhairt ar an tigh nuair a shamhlaigh sé go mbeadh ite ag muintir an tí, agus sin cleas a bhí aige chun tairiscint an bhia a sheachaint:

4 Feabhra 1948

Bhí obair an lae déanta acu ansan, agus béile an tráthnóna caite acu, an rud a theastaigh uam, (CBÉ, 1291: 115).

Ba dheacair éalú ar fad ó fhéile na gCrimhthach áfach. Is minic féiríní beaga á mbronnadh aige ar an Dálach:

2 Iúil 1944

Dúrt leis go raibh bláthanna ana-dheasa sa ghairdín, agus láithreach baill, do thairrig sé amach an scian phóca, agus do thug dom iad. Cé nár mhaith liom bláthanna a bheith mar órnáid orm féin, ná ar mo rothar ag dul abhaile, do ghlacas iad, agus bhuaileas chugham iad. Shíneas blúire tobac chuige, ach is lé tathant a thóg sé é.

“Níor ghá dhuit é sin a bhac domhsa,” arsa é sin, “mar thabharfainn duit a raibh do scéalta agus d'eachtraithe agam gan é sin in aon chor, agus míle fáilte” (CBÉ, 943: 455).

Ba chuma cad a bhí aige, bhí sé sásta é a roinnt leis an Dálach, agus fianaise air seo againn sa bhlúire beaga ón dialann seo inar tugadh caimeo do Pheig Sayers chomh maith:

25 Iúil 1946

“Conas atá na meacha agat i mbliana?” arsa mise leis.

“Tá siad ag déanamh go maith,” arsa Seán, “ach ana-dhrochbhliain meala is ea í. An mbéarfá saithe acu leat?” ar seisean.

“N’fheadar,” arsa mise, “b’fhéidir go ndíreoidís orm sa mhótar. Ar aon chuma, tá madra sa mhótar agam, agus b’fhéidir ná réiteoidís le chéile.”

D’fhágas an scéal mar sin, agus thána abhaile. Bhíos á rá le Peig anso.

“Cad ina thaobh nár thugais leat iad?” ar sise.

“Tá breith agam fós air,” arsa mise, (CBÉ, 1045: 428).

Cá bhfios ach gur ar mhaithe le leithscéal a bheith aige filleadh ar an tigh go luath arís nár ghlac an Dálach leis an tsaithe beach ar an bpointe boise, cé nár mhóide go raibh aon leithscéal den chineál sin ag teastáil uaidh in aon chor. Níor ghlac sé leis an tsaithe nuair a tháinig an chéad lá eile ach an oiread, pé scéal é:

27 Lúnasa 1946

“Is ea,” ar seisean, “an mbéarfair leat na meacha?”

“Béarfad,” arsa mise, “ach ní bhéarfaidh mé liom inniu iad” (CBÉ, 1045: 437).

Is olc an tríú hiarracht nach mbainfidh a deirtear, agus seo mar a tharla an chéad uair eile:

1 Meán Fómhair 1946

“Is ea, an dtabharfair na meacha leat?” adúirt sé.

“Tabharfad,” arsa mise.

“Caithfidh tú fuireach anois,” ar seisean, “nó go mbeidh siad go léir istigh” (CBÉ, 1045: 438).

Bhain éagsúlacht cheart le tabhartais an Chriomhthanaigh:

19 Eanáir 1949

Bhí birdeog nua déanta aige im chomhair, agus do bhronn sé orm í... Nuair a shín sé an bhirdeog chugham:

“Ní bheimid baoch dá chéile anois,” ar seisean, “má bhíonn tú ag tabhairt éinní chugham mar chúiteamh aisti seo.” (CBÉ, 1292: 13).

Ní raibh aon choinne ag an gCrimhthanach le go dtabharfaí aon ní dó mar chúiteamh as an seanchas a bhí sé ag cur ar fáil do chartlann an Choimisiúin ach an oiread, agus go deimhin, is cosúil ó ghearán a dhein an Dubhdach i litir go dtí an Coimisiún nach raibh a leithéid ar fáil

d'fhaisneoirí, nó ar dtús, pé scéal é:

Lá na Faoillí 1940

Is é an trua gan é a bhuíochasú ar chuma éicint as a bhfuil niste aige. Is minic a dúirt leis gur cheart go mbeadh fáltas beag éicint dí ón uair go bhfuil an rialtas chomh bog fé dhaoine bog cruaidh atá ag rith na tíre seo. Ach tá an Criomhthanach róghalánta chun pó cála¹. Tá daoine dhá shaghas go bhfuil i bhfad níos mó fáltas acu ag tarrac dole ar scáth na hoibre sin. Do dhaoine gan náire is fusa a ngnó a dhéanamh. Ná bacaimís a thuilleadh leis. Nár dheas é a phota sa leabhar, (CBÉ, 1115: 9).

Is léir go raibh an córas athraithe de bheagán faoin tráth go raibh an Dálach ag plé leis an gCoimisiún, agus tobac á chur ar fáil aige don Chriomhthanach ón gcéad lá, rud nár ghlac sé leis ach le tathant ar dtús. Bhí sé buíoch de na síntiúis bheaga tobac seo i ndeireadh thiar:

19 Eanáir 1949

Fuair sé tobac ó Shéamas Ó Duillearga mar fhéirín i gcomhair na Nollag, agus bhí sé go buíoch beannachtach. Dúirt sé liom nuair a bheinn ag scríobh chuige a bhuíochas féin a chuir in úil do, (CBÉ, 1292: 95).

29 Nollaig 1947

I gcionn tamaill thairrig sé chugham mar gheall ar an dtobac a tháinig chuige ó Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ana-bhaoch, (CBÉ, 1291: 190).

Thug an Dálach le fios, leis, go raibh muintir an tí buíoch den tobac a chuireadh an Coimisiún ar fáil don scéalaí, rud a léirigh go mbíodh gabhair tobac ar an gCriomhthanach agus é cantalach, b'fhéidir, dá éagmais. Tharlódh sé go raibh scéalta ar chúrsaí tobac leis ina chuid thábhachach do stór an Chriomhthanaigh agus pearsana cantalacha istigh iontu, agus leis sin, tá rannóg iomlán san eagrán seo gur scéalta ar thobac is ábhar di.

Tá feicthe go maith againn faoin tráth seo gur féidir léargas a fháil ar chaidreamh an scéalaí leis an

¹ .i., pó cáil' = 'pocketing'

mbailitheoir trí staidéar a dhéanamh ar dhialanna na mbailitheoirí, agus is féidir, leis, éachtaint a fháil ar chaidrimh na scéalaithe, lena gcomharsana, lena dteaghlaigh, agus lena chéile, go háirithe i gcomhthéacs an pharóiste seo ar bhain saibhreas thar an ngnách seanchais leis, mar atá feicthe againn. Bhí Mait Grommel, a chéadchuir an Criomhthanach in aithne don Dálach, go minic fara na Criomhthanaigh:

30 Deireadh Fómhair 1944

Nuair a chuas isteach, do bhí muintir an tí istigh, agus Mait Gommel thuas insa chúinne, tagaithe ag bothántaíocht ann, (CBÉ, 1045: 49).

Bhí fear ochtó bliain d’aois darb ainm Seán Ó Cochláin i láthair oíche dar ghabh Seosamh Ó Dálaigh go dtí an tigh, agus fuair an seanfhear a bheith istigh sa phlé, agus é luaite mar fhaisnéisí go minic tríd an mír fhada seanchais ar chúrsaí creidimh atá ar fáil in §208 | CBÉ, 1178: 567-601. Tigh mór bothántaíochta ab ea tigh na gCriomhthanach ar an gCill, agus ba ea riamh, dar le cáipéisí an Choimisiúin:

Lá na Faoillí, 1940

Ana-thig cuileachtan is seanchaíochta dob ea tigh an Chriomhthanaigh – na comharsain bailithe ag bothántaíocht ann gach oíche, agus ba mhinic lucht siúil ag fáil foithin is fascadh ann. Bhí ana-éirim ar scéalta agus filíochta sonnta, agus bhíodar acu, (CBÉ, 1115: 21).

Thagair Seán don cháil a bhí ar a thigh féin ó thaobh an tseanchais de:

Bhídís ag bothántaíocht anso aníos ar an gCill fadó. Ach do thánadar oíche i dtig athá anso thiar, go nglaonn siad “an bheairic” air. Ní raibh éinne rompu.

“Is dócha,” arsa iad san, “gur i dtig an Chriomhthanaigh athá an chuid eile” (§383 | CBÉ, 968: 297-298).

Na mná agus bailiú an bhéaloidis

Scéalaí ab ea Máiréad Bean Mhic Criomhthain leis, agus bhí léamh agus scríobh chomh maith aici (Daonáireamh na hÉireann, 1911), rud nach raibh ag a fear céile, dar ndóigh. Thógadh an Dálach

seanchas ilghnéitheach síos uaithi seo ó am go chéile, agus is ar shíoga, ar phúcaí, agus ‘ar rudaí mar sin a bhaineas leis an saol eile’ (CBÉ, 1045: 323) is mó a d’eachtraíodh sí – ‘chreid sí go láidir sa samhluithe a bhíodh le feiscint ag daoine’ (CBÉ, 1045: 325). Bhí scéalta mar iad an-tábhachtach do stór a fir chéile chomh maith, agus sin aicme eile scéalta gur deineadh rannóg iomlán di san eagrán seo. Bhí Máiréad Bhean Mhic Criomhthain le clos ar na taifeadtaí fuaime a dhein Caoimhín Ó Danachair le linn don Chriomhthanach a bheith i mbun ‘An rí agus fear na mbréag’ a dheachtú, agus ‘an bhfuil sibh críochnaithe?’ mar cheist aici ar an gcomhluadar.

Ní miste focal a rá i dtaobh ról na mban i bpróiséas an bhailithe go ginearálta ag an bpointe seo. Dhein Séamus Ó Duilearga an trácht seo a leanas mar chuid de chaint cháiliúil a thug sé ar ghnáis na seanchaíochta: ‘While women do not not take part in the story-telling, not a word of the tale escapes them, and if their relatives or close friends make any slip or hesitate in their recital, it is no uncommon experience of mine to hear the listening woman interrupt and correct the speaker’ (Ó Duilearga, 1945: 7). Bhí a leithéid chomh cómónta gur cineál de chuid an chórais ATU atá ann, .i., AT 1376A ‘Storyteller interrupted by a woman’, rud a thug Stiofán Ó Cadhla faoi deara (Ó Cadhla, 2011: 182). Níorbh annamh dá chomhartha sin Máiréad a bheith ag cur a ‘spóca’ féin isteach in insintí Sheáin (CBÉ, 1045: 322), agus gan dabht, tá fianaise chrua ar an nós sin dá cuid i measc na dtaifeadtaí fuaime – an leagan de ‘Gile Gréine’ ar thaifeadadh CT0320 de chuid an Choimisiúin, cuirim i gcás. Is scéal é sin ina dtugtar insint ar an drochíde a tugadh do bhean ar a nglaothar Gile Gréine de bharr an chúisimh bhréagaigh a cuireadh ina leith. Cloistear caint dhoiléir go maith idir Seán agus Maighréad le linn dó an scéal a eachtraí agus a bhean chéile ag iarraidh teacht i gcabhair air nuair a theip ar a chuimhne agus liosta á thabhairt aige dar dhein Ghile Gréine de réir an chúisimh bhréagaigh. Má tháinig, is léir ón méid is féidir a dhéanamh amach ón taifeadadh nár mhó ná sásta a bhí an Criomhthanach go gceartófaí é i gcomhluadar na mbéaloideasóirí móra agus an eideafóin a thugadar leo, a bhean chéile á sárú aige, agus ‘sin uile a bhí déanta aici’ á fhógairt aige – agus tharlódh nárbh é sin uile a bhí déanta aici, de réir an leagain den scéal a thug sé féin uaidh

tamall de bhlianta roimhe sin (c.f. §471 | CBÉ, 967: 490-500). Is suaithinseach gurbh í an chéad abairt eile a thugann an Criomhthanach agus scéal na mná a dtugtar Gile Gréine uirthi ná ‘is ea, a Ghile Gréine, thá deireadh na foighne caite agam leat’ – tá an chuma ar an scéal go raibh deireadh na foighne caite aige féin lena bhean a bhí ag meabhrú fhíricí an scéil dó.

B’fhéidir nár cheart léamh rómhór isteach sa scéal seo mar sin féin, agus gurbh fhearr a mheabhrú go mbaineann sé le nádúr an duine go dtiocfadh strus air agus easpa a eolais á chur ar shúile na mbéaloideasóirí móra, cé go gceartaíodh sé é féin, leis:

Do thug bean uasal na háite sin cuireadh dinnéir don mbean uasal eile, agus dá fear. Thánadar ar an ndinnéar, agus nuair a bhí an dinnéar ligithe amach, cuireadh ceann dos na bascaeidí ar an mbord. Tháinig dhá shúil dóibh.

“Cá bhfuair abhair an bascaed san?” arsa é sin.

“A leithéid seo,” arsa í sin, “fear bocht athá tagaithe insan áit in aice linn, agus tá gearraile ana-dheas aige.”

Tá dearúd déanta agam. Bhí an fear bocht ag imeacht, é fhéin is a chlann... (§295 | CBÉ, 966: 448-452).

Tá an méid seo a leanas le rá ag Anne O’Connor mar sin féin:

Detailed analysis of gender, and of class, still awaits sufficient attention in Irish folklore... the individual women and their contributions have yet to be brought to light and appreciated within the Irish context. And certainly the questioning of given norms and the recognition of given norms and the recognition of subjectivity in both the collecting and study of folklore are essential for our further understanding (1986: 304).

Tá léiriú níos soiléire ar chultúr leath-sheobhaineach na linne sa mhéid gur mar ‘bean an Chriomhthanaigh’, srl., agus ‘deirfiúr do Mhait Gromail’ (CBÉ, 943: 440, etc.) a dhéantar tagairt di i gcín lae an Dálaigh agus i gcatalóg an Choimisiúin araon. ‘Margaret’ a thug cáipéisí an daonáirimh uirthi mar atá feicthe againn, ach is idir ‘Brid’ (CBÉ, 1035: 360-362), ‘Peig’ (CBÉ, 1201: 100), agus ‘Maighréad’ (§416 | CBÉ, 1201: 97-119), a thugadh an Dálach uirthi, mar shampla. ‘Ghlaoigh

sé uirthi seo’ a dhein a fear céile mar thagairt di le linn dó féin a bheith ag eachtraí ar an gcapall a chualathas ‘ag siúl istoíche’ (§9 | CBÉ, 936: 419). Uaireanta, ghlaodh ‘an deirfiúr’ ar Mhait Gromail leis an t-am a chiorrú agus an comhlúadar ag fanacht le fear an tí, faoi mar a tharla sa chás seo:

30 Deireadh Fómhair 1944

“Is ea, an bhfuil aon ruachán agat a Mhait,” arsa an deirfiúr, “a neosfá dho? Tá an tráthnóna gearra anois”.

“Níl,” arsa Mait, “tá a raibh im mhála agam ráite anois agam leis, ach dá mbeadh sé thíos an lá eile agam, rith scata rudaí im aigne, agus bhíodar agam, ach tá siad imithe as mo cheann aríst.”

Tháinig an Criomhthanach féin isteach, agus d’fháiltigh sé romham. Thairrig sé an c[h]athaoir chuige in aice liom.

“Tá sé in am agaibh tosnú,” arsa bean an Chriomhthanaigh, “gan puinn moille.”

Do thosnaíos féin á cheistiú ar eachtraithe ar an mada rua, agus do bhíodar aige, (CBÉ, 1045: 49-50).

Is mó leathanach i gcartlann an Choimisiúin a luaitear le Seán sa chatalóg, ach gur ábhar óna bhean a bhíonn le fáil ag an té a leanfadh an tagairt (CBÉ, 979: 32-36; CBÉ, 979: 61-62; CBÉ, 979: 80-88; CBÉ, 979: 61-62; CBÉ, 970: 139-147; CBÉ, 1151: 264-265). Ba chirte, gan amhras, í a chlárú mar fhaisnéiseoir ar leith, ach is léir go raibh drogall institúideach éigin ann i leith banfhaisnéiseoirí. Thug Fionnuala Nic Shuibhne le fios mar shampla nach raibh ach an séú cuid de na faisnéiseoirí ina mná (1992: 12), agus go deimhin, is nuair a bhíodh an Criomhthanach gafa ba mhinice a dhíríodh Seosamh Ó Dalaigh isteach ar stór a mhná céile:

29 Deireadh Fómhair 1947

Ní raibh Seán Criomhthain istigh romham. Bhí sé timpeall lasmuigh ach bhí a bhean ann, agus bhíos ag obair ag gabháilt de sheanchas léithi sin, galair agus leigheas agus posóidí agus ceiríneacha agus eolais aici orthu. Tháinig Seán ar deireadh, agus scríobhas beagán ó Sheán ansan, (CBÉ, 1291: 74).

Is cúinsí mar seo a thug ar Stiofán Ó Cadhla a scríobh ná ‘go bhfuil cuid de choincheapa agus de mhachnamh bunúsach an bhéaloidis ag éirí as tuiscintí agus as cleachtais timpeall ar inscne nó

timpeall ar chineál an duine’ (Ó Cadhla, 2011: 194). Cuirim i gcás go raibh Seán tapaidh chun an fear a chosaint sa choimhlint seo ar a raibh cur síos aige in (§208 | CBÉ, 1178: 567-601):

Bhí fear ag iascach uair, agus nuair a tháinig sé abhaile, bhí a bhean ar a glúine ag rá na corónach, agus ní fios cá stadfaidh sí. Is dócha go raibh ocras air tréis an lae.

“Ná héireofá,” arsa é sin, “agus rud éigin a dhéanamh dom.”

“Lig dom na gnímh seo a rá,” arsa í sin.

“Ó mhuisse,” arsa é sin, “gnímh do chrochta chughat.”

Go neamhbhalbh a cheistigh Seosamh Ó Dálaigh an Criomhthanach i dtaobh na gcúrsaí seo in áit amháin:

Ciacu is géire bean nú fear?

Is géire an bhean. Níl aon teora le intinn mná le géireacht.

An fusa réiteach le fear ná le bean?

Is fusa cothrom a bhaint don bhfear. Is déirciúla an fear. Gheofá an fear le comhairleacht, ach ní bhfaighfeá an bhean. Is faidshaolaí an fear, agus is fírinne an fear.

Ciacu is fearr chuinn amhrán?

N’fheadar ciacu is fearr, ach tá an bhean go maith, (§184 | CBÉ, 981: 383-399).

B’fhéidir nár mhiste léamh eile ar an méid deireanach seo a thairiscint mar fhocal scoir ar chúrsaí inscne – an chuma seo gurb í bean an tí atá i bhfeighil sa chomhthéacs ina bhfuil cur síos air thuas, í ag fógart ar na fir: ‘Is ea, an bhfuil aon ruachán agat a Mhait... a neosfá dho? Tá an tráthnóna gearra anois’ agus ‘Tá sé in am agaibh tosnú... gan puinn moille’, (CBÉ, 1045: 49-50).

An t-aos óg

“Ó sheandaoine a bailíodh formhór an bhéaloidis,” arsa Diarmuid Ó Giolláin a thug an rabhadh seo a leanas maidir le todhchaí an traidisiúin béil: “Má bhunaítear an taighde ar sheandaoine, ní deacair a shamhlú go bhfuil ábhar [an taighde] ag fáil bháis leo” (2005: 15). Thug an Criomhthanach le fios don Dálach an chéad uair a bhuail sé leis go ngoilleadh sé air gan daoine a bheith ag gabháilt chuige ag éisteacht leis a thuilleadh (CBÉ, 943: 449-452), agus d’oir sé don Choimisiún dar ndóigh béim a

leagan ar an seanghearán seo a bheith ag na scéalaithe a rabhthas ag plé leo agus ar an traidisiún a bheith ar an dé deiridh dá dheasca – chuir a leithéid leis an ‘bpráinn’ a bhain le hobair an Choimisiúin. Is léir nach mbíodh aon cheal comhludair ag Seán Mac Criomhthain le ceart, áfach. Chonaiceamar thuas mar shampla go bhfuair Bríde scéal uaidh, agus gur bhuaigh sí leathchoróin uaidh dá bharr sin. Bhíodh lucht éisteachta go minic ag an bhfear seo ar ar thug Seán Ó Dubhda ‘fear fuinniúil grinn’ (1948: 71) tráth. Dealraíonn sé go raibh oiread de theist an ghrinn ar an gCriomhthanach gur achoimre ar leagan Sheáin de ‘Dónall Ó Conaill agus an hata’ a thug an scoláire litríochta James Cahalan mar eiseamláir den ghreann Éireannach in alt dá chuid a foilsíodh sa dara himleabhar de chnuasach idirnáisiúnta ar an ngreann dar theideal *Comedy: A Geographic and Historical Guide* (2005: 380–393). Is marbh an croí nach ngealfadh leis na trithí gáire a chloistear ón gCriomhthanach agus an abairt ‘bhí gach aon srann is gach aon bhraim aici’ á rá aige ar an taifeadadh fuaime a deineadh de ‘Cailín Caitliocaí a phós Sasanach’ (§XII | CBÉ, M0104). Bhí greann ina chuid lárnach de stíl insinte an Chriomhthanaigh, más ea, agus gean ag a lucht féachana dá réir sin air:

25 Feabhra 1945

Eachtraithe gearra ar fad a bhí aige, ach aon cheann amháin. Mac baintrí a mhairbh tarbh agus coileach chun iníon duine uasail a shásamh.

“Is breá an scéal é sin,” arsa fear a bhí istigh.

Bhí cúpla amhrán leis aige. Seandúine a bhí pósta ag bean óg, agus buachaill óg a bhí pósta ag seandúine. Fuair beirt bhuachaillí a bhí istigh ana-ghreann astu san, (CBÉ, 1045: 111).

Ainneoin a raibh le rá ag Séamus Ó Duilearga a dúirt nach gcuirtí aon fháilte roimh pháistí ar ócáidí seanchais (Ó Duilearga, 1945: 163), is léir go raibh an t-aos óg i láthair ar an oíche áirithe seo agus ugach á fháil ag an seanchaí seanórtha uathu dá bharr sin. Bheadh sé intuigthe go gcuirfeadh scéalaí a stór in oiriúint dá lucht éisteachta, agus tá fianaise sa chur síos a dhein an Criomhthanach ar amhrán leathgháirsiúil a chum a athair go raibh rialacha éigin ann ó thaobh cad iad na gnéithe den

traidisiún a bhí oiriúnach don aos óg, mar shampla. Nuair a thug an seanchaí faoi deara nach raibh aon duine óg sa chomhluadar, bhí sé sásta an t-amhrán gáirsiúil a rá:

Bhí cúpla focal éigin agamsa d'amhrán Mhaidhc Fox, ach níor mhaith liom iad a rá. Níl éinne óg istigh... (§391 | CBÉ, 1035: 328-329).

Is léir go raibh tuiscint ag Seán Mac Criomhthain ar a bheith ag plé le daoine óga, agus, díol suntais dá bhrí sin is ea é nach bhfuil aon trácht i mBailiúchán na Scol air. Is í an tuairim a rith le Roibeard Ó Cathasaigh ina thaobh seo ná go dtugtaí treoir do dhaltáí na scoileanna a bhí páirteach i dtogra béaloidis úd na mblianta 1937 agus 1938 gan cur isteach ar na scéalaithe móra ar nós Pheig Sayers, mar shampla, agus gur féidir gurbh amhlaidh a tharla i gcás an Chriomhthanaigh (Ó Cathasaigh, 2017). Tharlódh mar sin féin gur éirigh le Seán Ó Dubhda roinnt scéilíní a thógaint ó mhac Sheáin Mhic Criomhthain, Seán Mac Criomhthain eile arís, a bhí ag freastal ar Scoil na Carraige mar a raibh Sean Ó Dubhda ina mháistir ag an am (Sumner, 2015: 146).

Chuir Seán Ó Dubhda an méid a fuair sé ó dhaltáí Duibhneacha éagsúla ar aghaidh go dtí an Coimisiún ar an gceathrú lá de mhí Eanáir 1937, ach is iad na daltaí féin a scríobh síos an méid a thugadar do Mháistir Ó Dubhda. Ba iad an bheirt tuismitheoirí, Seán agus Máighréad araon a luadh mar fhoinsé do na scéilíní a scríobh an Criomhthanach óg idir an 1 Eanáir 1934 agus an 21 Meitheamh 1934 agus a cuireadh ar fáil in CBÉ, 298: 16-30¹, imleabhar inar thuairiscigh an Dubhdach go raibh Seán beag ‘fanta istigh ón scoil anois’.

¹ Is iad na scéilíní ar fad a bhí i gceist ná iad seo a leanas: ‘Fear a bhí ann fadó agus bhíodh sé amuigh déanach istoíche’; ‘Fear bocht a bhí ann fadó’ (c.f. scéal a bailíodh óna athair § 167. CBÉ, 968: 487-489); ‘Garsún a bhí ann fadó’; ‘Fear a bhí ann fadó agus bhí lán tí do leanaí aige’; ‘Garsún a bhíodh amuigh déanach istoíche’; ‘Scéal Fionn agus an fathach’; ‘Scéal Fionn agus an bradán’; ‘Do bhí garsún beag ann tamall’. Ba bheag a síleadh ag an am is dócha go ndéanfaí tagairt do scéilíní an bhuachaillín óig mar chuid de thráchtas PhD a chuirfí faoi bhráid Ollscoil Harvard ochtó bliain díreach glan ina dhiaidh sin. Natasha Dawn Eileen Sumner an t-iarrthóir dochtúireachta a bhí i gceist, agus ba í an Fhiannaíocht ab ábhar dá cuid taighde, gné den traidisiún Gaelach nach mbacadh a athair puinn léi, fág as tagairt neafaiseach amháin a bheith déanta aige di mar chuid den scéilín ‘Camán mór i bportach i mBaile Uí Shé’ in § 154. CBÉ, 968: 299-300. Bhí dhá scéilín Fiannaíochta ag an mac áfach, ‘Scéal Fionn agus an fathach’ agus ‘Scéal Fionn agus an bradán’, agus tagairt ag Sumner dá réir sin dóibh (Sumner, 2015: 146) sa chatalóg chuimsitheach a chuir sí le chéile ar ábhar béaloidis a bhaineann leis an bhFiannaíocht ar fud na gCríoch Gaelach.

An pobal i gcoitinne

Is fiú a mheabhrú gur bhraith an Dálach go raibh Seán Mac Criomhthain beagáinín cúthaileach, agus drogall go minic air dul ag deachtú os comhair aon duine in aon chor, páistí, mná ná bailitheoirí:

2 Iúil 1944

Tháinig gaol don gCriomhthanach isteach ansan, agus stad an seanchas. Ní dóigh liom gur maith leis duine iasachta a bheith istigh nuair a bhíonn sé ag seanchaíocht, (CBÉ, 943: 455).

11 Márta 1945

D'imigh an chomharsa i gcionn tamaill. Peats Baker ab ea é. Tháinig an Criomhthanach isteach, agus thug leis an meaisín láithreach. Is é rud a bhí air dréir dealraimh ná féadfadh sé aon deachtú a dhéanamh á mbeadh éinne ag cuir aon chuir isteach air, (CBÉ, 1045: 118).

Chuirí an gramafón ar siúl do chuairteoirí den chineál sin:

18 Eanáir 1948

Bhí fear dos na comharsain istigh, agus garsún leis. Bhí *gramophone* oscailte buailte ar an bhfuinneog, fé mar a bheidís á sheimint, (CBÉ, 1045: 143).

Bhí a thuilleadh de seo le feiscint sa chéad sliocht eile seo a chuir síos ar chuairt ó Shéamas Ó Duilearga agus Caoimhín Ó Danachair. Tá léargas ar leith ann ar dhúshlán an bhailitheora a mbíodh dualgas air a bheith ina 'thaidhleoir' de shórt:

19 Meitheamh 1947

Ansan, cuireadh i bhfearas an gléas glacaithe. Rug ana-strus orm fhéin ábhar cainte a thoghadh chun Seán a chur ag caint. D'eachtraigh sé dhom ar chnapán *rubber* a fuair sé ar an dtraigh lá Domhnaigh, agus an gaisce a dhein sé ag iarraidh é a shaoradh ón bhfarraige, (CBÉ, 1291: 6).

B'fhearr leis, cheapfadh duine, comhluadar na scéalaithe áitiúla eile mar Mhait Gromail agus Pats Domhnaill. Tá sé le feiscint ón gcéad trácht ar fad a dhein an Dálach ar Sheán Mac Criomhthain go raibh aithne mhaith acu seo air, agus líonra dlúth eatarthu – bhí a chuid comhscéalaithe sásta é a mholadh mar scéalaí, agus bhí sé pósta ar dheirfiúr le duine acu chomh maith. Bhí an

Criomhthanach, leis, ábalta seanchaithe a mholadh do Sheosamh Ó Dálaigh:

20 Feabhra 1946

Chuala go raibh duine aosta i dtigh Bhean Uí Chatháin i mBaile an Fheirtéaraigh. “An Colony” a thugtar ar an áit. Bhí dochma orm tabhairt fé, ach ní raibh an lá oiriúnach chun dul ar an gCill. Bhuaileas suas ’dtí an tig sa *Colony*... bhíos ana-shásta leis mar ná raibh aon dua agam é a mhealladh chun a bheith ag eachtraí. Uncail do bhean an tí is ea é... Seán Criomhthain, Cill Maoilchéadair a chomhlairligh dom dul chuige, (CBÉ, 1045: 341).

Má ba mhinic tigh lán roimh an Dálach nuair a théadh sé ar an gCill, cuid mhaith den am, ní ina aonar a thrialladh sé ann ach oiread. Stad sé lá ag caint le Séamas Ó Lubhaing agus é ar an tslí go Cill Maoilchéadair, mar shampla, agus faoin am gur thug sé an bóthar arís air féin, bhí beartaithe ag an bhfear go dtugtaí ‘Pound’ air go rachadh sé in éineacht leo go tigh an Chriomhthanaigh, áit nárbh annamh dó a bheith ar cuairt (CBÉ, 1045: 438).

Scoláirí agus daoine clúiteacha eile

Is suaithinseach iad na daoine a ghabh go tigh na gCriomhthanach de bharr an aithne a bhí ag Seosamh Ó Dálaigh ar fhear an tí, agus an bhaint a bhí acu araon leis an gCoimisiún. Thug Séamas Ó Duilearga agus Caoimhín Ó Danachair cúpla turas i dteannta a chéile ann. Dealraíonn sé go raibh aithne ag an gCriomhthanach ar scoláirí mór le rá eile chomh maith:

5 Deireadh Fómhair 1946

Seán Criomhthain a d’aimsíomair ar dtúis. Más ea, níor aithin sé Séamas [Ó Duilearga], ach nuair a aithin, do bhí ana-chuileachta air. Bhí sé ag cuir síos dúinn ar iomrascáil a bhí aige le Dochtúir Hudson lá sa Daingean. Chuir sé tuairisc Dhónall Binnse, agus an Amhairgínigh.

Dúirt Séamas go maireann an tAmairgíneach go láidir fós.

“Nách righin an diabhal é?” arsa Seán. Bhain sé gáirí as an gcuileachta ar fad, (CBÉ, 1045: 458).

Ghabh an bheirt chéanna chuige lá eile, agus a thuilleadh cainte á déanamh acu ar Bergin, an ‘diabhal’ ‘righin’ Amairgíneach úd:

19 Meitheamh 1947

Bhí Caoimhín agus Séamas ag caint leis tamall agus “cad deirir?” go minic age Seán, mar tá allaíre air le fada. Bhí tuairisc Dhónaill Bhinnse agus an Amairgíneach aige á chur orthu. Chuaigh an bheirt ansan ag obair ar an “presto”, ach ní raibh sé ag obair. Chaitheadar tamall fada á chur in oiriúint aríst. Sheimeadar dhá phláta ansan dúinn, dhá phláta ceoil. Ceol píopaí uileann, agus ceol veidhlín, (CBÉ, 1291: 6).

Thug Ó Danachair cuairt eile ar an gCrimhthach i dteannta Anthony Lucas, staraí sóisialta, iarstiúrthóir an Mhúsaem Náisiúnta, agus údar ar chúrsaí bia in Éirinn¹. Rángaigh do Hermann Pálsson² a bheith sa dúthaigh tamall, agus gan dabht, theastaigh ó Sheosamh Ó Dálaigh an scoláire iomráiteach Íoslainnise úd a chur in aithne do Sheán Mac Crimhthain, duine de mhórsheanchaithe na glúine sin de chainteoirí Gaeilge. Tharla, faraor, nach raibh fáil ar an gCrimhthach an lá sin:

10 Feabhra 1948

Chuas ar an gCill ansan chun roinnt seanchais a bhailiú ó Sheán Crimhthain, agus bhí Hermann Pálsson im fhochair. Nuair a chuamair isteach, is é an chéad rud a thugas fé ndeara ná raibh Seán ina chathaoir cois na tine... Do cuireadh ár suí sinn araon. Bhí caint á bhaint as Herman acu, agus é in ann iad a thuigsint cuíosach maith ansan, (CBÉ, 1291: 118).

Thug sé leis duine de Ghaeil na hAlban chomh maith – Kitty McLeod, amhránaí *Gàidhlig* de bhunadh oileán Leodhais ach a saolaíodh san Ind³:

¹ c.f. Caoimhín Ó Danachair, ead., *In Folk and Farm: Essays in Honour of Anthony T. Lucas*, 1976, Baile Átha Cliath: Royal Society of Antiquaries of Ireland.

² Scoláire sa léann Íoslannach a chuaigh le léachtóireacht in Ollscoil Dhún Éideann go gairid tar éis a chuairte ar Chorca Dhuibhne, nó sa bhliain 1950 nuair a bhronn Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath céim onóracha sa léann Éireannach air. Dhein Pálsson éacht ó thaobh solas a chaitheamh ar phréamhacha cómónta na gcultúr éagsúla béal san Eoraip. Bhí saineolas aige ar thionchar an chultúir Cheiltigh ar litríocht na Sean-Lochlainnise, mar shampla, agus b'an-namh é a leithéid ag an am. D'aistrigh sé mórán scéalta Gaeilge agus filíocht Ghaeilge na hAlban go dtí an Íoslainnis, agus is é a bhunaigh an ‘International Saga Conference’ a reachtáladh an chéad lá in Ollscoil Dhún Éideann: c.f. ‘Professor Hermann Pálsson, Icelandic scholar and translator’, *The Scotsman*, 19 Lúnasa, 2002 [ar líne] <http://www.scotsman.com/news/obituaries/professor-hermann-p-225-lsson-1-617804#axzz3pDJ7F8FV>

³ Ghlac McLeod páirt sa *People's Festival Ceilidh* i nDún Éideann go gairid tar éis di aithne a chur ar an gCrimhthach, agus na hamhráin a dúirt sí i rith na coirme ann, thaifead Alan Lomax iad sa tsli is gur fhéad Columbia Masterworks iad a chur amach mar albam dar theideal *The Highlands and The Lowlands*: c.f. Brian Wilson, ‘Kitty Macleod - Gaelic singer renowned for reviving a dormant musical tradition’, *The Guardian*, 17 Bealtaine 2000, [ar líne] <http://www.theguardian.com/news/2000/may/17/guardianobituaries2>

13 Iúil 1948

Chuas ó thuaidh ar an gCill 'dtí an gCrimhthanach. Bhí Kitty McLeod im theannta, agus Breanda Ní Mhathúna, deirfiúr B[h]ríd Ní Mhathúna atá insan oifig i mBaile Átha Cliath. Ag ullmhú i gcomhair na bplátaí a bhíos-sa. Bhí Kitty McLeod ana-fhiacloch a d'iarraidh amhrán a chlos ná raibh i gcló riamh. Bhíomar ag seanchas leis an gCrimhthanach. Dúirt leis na focail a rá den amhrán san 'Léan ar mo leasmháthair is umbochón, do thug anso im bhá mé is umbochón'. Dúirt, ach ní bheadh an tAlbanach mná sásta go gcanfadh sé é. Le tathant mór, do dhein, agus do bhí sí ana-shásta leis. Chan sí féin roinnt amhrán ansan, agus bhain an Crimhthanach ana-shásamh astu, cé nár thuig sé an Ghaedhilge, (CBÉ, 1291: 306).

Tá léiriú eile ar thamáilteacht an Chrimhthanaigh sa mhéid gur ghá a bheith ag tathant air go ndéarfadh sé amhrán. Faightear éachtaint chomh maith ann ar an ról a bhí ag an Dálach mar thaidhleoir idir an bheirt amhránaithe. Baill teaghlaigh, comharsain, scéalaithe, amhránaithe, agus eachtrannaigh a bhíodh mar chomhluadar ag Seán mar sin, agus ghabh bailitheoirí eile béaloidis chuige chomh maith:

25 Márta 1945

Bhuail an Dubhdach liom ar an gCarraig, agus chaitheas cúpla neomat ag caint leis. Bhí pónaí aige á dh'aistriú amach as gharraí beag taobh an bhóthair. Dúirt sé liom go mb'fhéidir go ngeobhadh sé suas chun na Cille ar ball. Chuas ar aghaidh ansan, agus chuas ar an gCill. Bhí Mait Ghromail istigh farais an gCrimhthanaigh nuair a chuas isteach. Thosnaigh an Crimhthanach ag obair ar an eideafón. Eachtraithe gearra a bhí aige, agus bhí sé i bhfad Éireann ag "lónadh"¹ dhá fiteán. Bhí an Dubhdach tagaithe ansan, agus bhíomar ag seanchas ar phúcaí tamaillín, (CBÉ, 1045: 124).

Seán Ó Dubhda

Ní mór ná gur bhailigh Seán Ó Dubhda a oiread céanna ón gCrimhthanach agus a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh. Ón mBaile Dubh in aice leis an gClochán ab ea Seán Ó Dubhda (1878 – 1963) a tháinig go dtí an Paróiste Mórach mar mhúinteoir i Scoil na Feothanaí sa bhliain 1902. Is ar bhonn deonach neamhfoirmeálta a thosaigh sé ag bailiú béaloidis thar ceann Choimisiún Bhéaloidis Éireann sa cheantar timpeall 1926, agus nuair a d'éirigh sé as an múinteoireacht ar fad, bronnadh

¹ Aon uair a baineadh úsáid as foirmeacha den bhriathar 'líon' i dtaca leis na fiteáin, bhí nós ag SÓD iad a scríobh idir uaschamóga, rud a chuir in iúl is dócha nár aontaigh sé go huile is go hiomlán le húsáid an fhocail.

stádas an ‘special collector’ sa bhliain 1952 air (Mac Cárthaigh, 2015: 77) mar aitheantas ar an gcomaoin mhór a bhí curtha aige ar léann an bhéaloidis in Éirinn – tá roinnt dar bhailigh sé sna chéad bhlianta ina bhailitheoir dó le fáil sa *Duanaire Duibhneach* (1933), leabhar an-tábhachtach d’aon duine a chuirfeadh suim i dtraidisiún Chorca Dhuibhne. Bhain éagsúlacht le modhanna Uí Dhubhda dar le Críostóir Mac Cárthaigh a léirigh go mbíodh sé ag scríobh nótaí maille lena bheith ag tras-scríobh go dílis ón gcaint agus ó na taifeadtaí a dheineadh sé le cabhair an eideafóin. Bhíodh fuadar faoi, más fíor:

In a letter to Ó Duilearga in 1935 accompanying two large notebooks of folklore material recorded by him in the previous two years, he writes ‘ar seanaimsearacht is mó atá m’aidhm anois’ [(CBÉ, 486: 2)]... The first notebook comprised transcriptions of international tales recorded from various narrators, the second a 200-page life history of retired fisherman Peats Dhónaill Ó Cíobháin, (ibid: 78).

Ba é an Dubhdach an chéad bhailitheoir riamh go bhfios dúinn a ghabh go dtí an Criomhthanach i mí na Samhna 1928 (CBÉ, 1717: 116-126). I mí Mheán Fómhair na bliana 1935 a chuir an Dubhdach an méid seo faoi bhráid an Choimisiúin:

[?] Meán Fómhair 1935

Tá a lán scéal eile leis an gCriomhthanach agaibh cheana: 33 scéal i gcóipleabhar leo féin, fuaireabhair 16.9.35, 3 scéal is dhá amhrán i leabhar, 7.12.37, 13 idir amhráin is scéalta i leabhar, 23.8.38. Cuir leo san 110 + 64 agus is deas an bailiú ó éinne amháin [é], os cionn 220. Cad a dhéanfaidh sibh leo? Tá a lán leabhair eile agam scríte le peann luaidhe is le dubh á mbeadh aga agam iad do chuir i bhfoirm a chéile, is mórán eile ina cheann ná fuil scríte fós agam, (CBÉ, 1115: 8).

Tharlódh gur bhailigh an Dálach roinnt de na míreanna seanchais céanna a bhí bailithe ag an Dubhdach roimhe, agus dhein an Criomhthanach nod ealaíonta dá réir sin don imní a bhí air go mbeadh roinnt scéalta á mbailiú cúpla uair uaidh agus scéal ‘An buachaill a dhíol an gamhain trí huaire’ á insint do Sheosamh Ó Dálaigh aige i mí an Mheithimh 1944:

Sin é an dáлта céanna agamsa, agus ages na scéalta atá agam. Tá cuid acu scríte cheana bhuam,

agus ní theastódh bhuam iad a bheith á bhailiú aríst bhuam ar nós mac an fheirmeora san a dhíol an gamhain trí huaire, (§282 | CBÉ, 936: 421-424).

Is cosúil nár bhain aon ghá lena leithéid a dhéanamh dar leis an ngearrthóg comhrá seo mí níos déanaí:

2 Iúil 1944

“Is ea,” [arsa Seán Mac Criomhthain], “níl aon ghnó agat is dócha scéalta atá scríte cheana ag an nDubhdach bhuam a scríobh aríst.”

“Ní dóigh liom é,” arsa mise, (CBÉ, 943: 454).

A mhalairt de phort a bhí ag Roibeard Ó Cathasaigh agus Bo Almqvist i réamhrá *Coiglimis an Tine* áfach. Faoi anáil an scoláire Ungáirigh Linda Dégh is ea a leag an bheirt sin béim ‘ar an tábhacht a bhaineann le staidéar comparáideach a dhéanamh ar insintí éagsúla ar scéalta ó scéalaí ar leith’ (Almqvist agus Ó Cathasaigh, 2010: 17; c.f. chomh maith Dégh, 1969: 177-179). Níor mhiste a lua mar sin bailíodh suas le ceithre leagan ar fad de roinnt míreanna ó Sheán Mac Criomhthain, agus is suimiúil an chomparáid is féidir a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla ar fad ó thaobh na gcineálacha athruithe a thagadh ar insint an Chriomhthanaigh le himeacht aimsire, agus ó thaobh mhodhanna na mbailitheoirí féin fiú amháin. Sampla de mhír a bhailigh triúr bailitheoirí éagsúla ón gCriomhthanach (i.e., Seán Ó Dubhda, Seosamh Ó Dálaigh agus Caoimhín Ó Danachair) ab ea ‘Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanaigh’, agus tá ceann amháin den dá leagan a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh curtha in eagar sa tráchtas seo agus é le fáil ag §188. Tá mo thras-scríobh féin den leagan a thaifead Caoimhín Ó Danachair le fáil in §XII, agus cuireadh an t-aon leagan amháin a thras-scríobh Seán Ó Dubhda den mhír seo ar fáil in Aguisín 5 d’fhonn comparáid a dhéanamh idir é agus obair Uí Dhálaigh, ar ar díriodh sa tráchtas seo go príomha, agus tá an cinneadh seo mínithe go soiléir cuimsitheach air seo curtha ar fáil sa réamhrá agam.

Bhíodh sé dhifriocht idir tras-scríbhinní Uí Dhálaigh agus tras-scríbhinní Uí Dhubhda ná gur minic nach gcuireadh Seán Ó Dubhda aon dáta ar fáil do mhír a bhíodh idir lámha aige nó d’iontráil dialainne a scríobhadh sé, agus bhí a leithéid i gceist don leagan a bhailigh sé de ‘Cailín Caitliocaí

pósta ag mac Sasanaigh' chomh maith. D'fhéadfaí a rá chomh maith go mbíodh nósanna litrithe ní ba chaighdeánaí ag an Dubhdach ná mar a bhíodh ag Seosamh Ó Dálaigh. Tá sé le tabhairt faoi deara gur 'buíoch' an litriú a thug Seán Ó Dubhda don fhocal a réadaítear i gCorca Dhuibhne mar 'baoch' de ghnáth:

Bhí cailín Caitliocaí in aimsir i dtig Sasanaigh. Bhí sí ann ar feadh i bhfad, iad ana-**bhuíoch** di, is í ana-**bhuíoch** dóibh, (CBÉ, 621: 47-52).

Cé gur 'buíoch' a bhíodh ag Seosamh Ó Dálaigh agus na hiontrálacha cín lae á scríobh aige, chloíodh sé le gnás an chainteora agus obair an tras-scríofa ar bun aige, agus go deimhin, thug FGB aitheantas do 'baoch' mar fhoirm mhalartach a cheadaíodh Ó Dálaigh:

Ní raibh éinne dhos na comharsain **baoch** di, (CBÉ, 967: 189-191).

29 *Agallamh idir dhá mhada rua* 116 7.11.28
Azallam idir dhá mhada rua. (Sa leiríne a cúlú)
Mada rua fupmaoileac azyr mada rua Cam a'
locaiz.
Nuair a connais mada rua fupmaoile na
hinnilzeoir a' zómar na zalamian izeoir an uge
moir azyr az vinead amac ionad na bfallai,
dubairz ré zo raib ré cón maiz' aze fémiz
a beiz a' pprocad leir ar an aiz - ná bead ré
rábálta do beiz izeoirz na háize fearca.
D'imr ré y. do bair ré amac Cam a' locaiz
ar cúlú Cnoc b'éanaim. Do b'i mada rua

'Agallamh idir dhá mhada rua' tras-scríofa ó Sheán Mac Criomhthain ag an Dubhdach in CBÉ, 1717: 116 mar a bhfuil an dáta 7.11.28 le feiscint sa chúinne ar dheis

COIMISIÚN BÉALOIDEASA ÉIREANN

CONNTAE Cuacaige BARÚNTACT Corca Duibne
 PARÓISTE Cillmacleádaire
 Ainm an Sgríobhóra Seosamh Ó Dálaigh
 Seolad an Sgríobhóra bailé Siobáise Dún Caomh
Damhgean Mí Cúise
 Do ríobdar ríor an Scéil go dtí an edifon (8/12/24)
 ó béal-aicir Seán Críom
 Aor 67 Saipm-beata feanmeóla beag atá in a comhnuí
 i mbaile fearainn Cillmacleádaire
 agus a raoluioib agus a tógad na bailé iéutina
 Do euala ré Scéil ó a-áir blian ó rin ó
 (Aor an uair rin) ó a-áir a bí in a comhnuí an uair rin

Connor a ghandail báin.

[Loai fíreán 898 ch]

bí Rí óos na Connors ann faoi 7 ní raib aige ac
 máin aon baib ariáin nre nuair a fuair a bean
 bás. Do pós sé aise 7 ní raib an leasnáir

Lámhscríbhinn CBÉ, 966: 504-507 a bhreac Seosamh Ó Dálaigh. Tá leagan an eagráin seo le feiscint in §345 'Connor an ghandail bháin'

Bhí sé de nós ag Seán Ó Dubhda, leis, abairtí a chuir isteach ina chuid tras-scríbhinní mar fhreagra pearsanta ar an méid a deireadh an seanchaí. Is féidir é seo a thuiscint níos fearr ach sampla eile a thógaint ón scéal 'Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanaigh'. Nuair a tharraing Seán Mac

Criomhthain ‘uisce coiscreacan’ anuas agus athfhriotal á dhéanamh aige ar dhuine de phearsana an scéil, is é a scríobh Seán Ó Dubhda isteach i lár na habairte tras-scríofa ná “the holy wather”, arsa Maidhc Ó Loinsigh’ (CBÉ, 621: 47-52) – tagairt áitiúil, ní foláir, a chuirfeadh le saibhreas na cáipéise ar shlí amháin ach a thiocfadh salach ar obair an bhailitheora ar shlí eile.

Dealraíonn sé go raibh pearsantacht láidir ag an mbailitheoir ón mBaile Dubh. Ceann amháin de na heachtraí a thug an Criomhthanach do Sheosamh Ó Dálaigh, ba é Seán Ó Dubhda féin a ainmníodh mar fhaisnéiseoir, is é sin ‘Bean a dh’fhiscint sa Chonair’:

Bhí Dowd á rá liom go raibh sé féin oíche, é fhéin agus a athair, agus buachaill aimsire a bhí acu ag gabháil an bóthar ard ag dul ón nDaingean go Clochán suas an Chonair oíche, capall is cairt acu, is tháinig an buachaill amach ag déanamh suas ar bharra, is Dowd. Bhí an buachaill ag siúl suas as an gcapall, agus bhí Dowd i ndiaidh na cairte aniar. Chonaic an t-athair an bhean ag siúl in aonacht le [Seán Ó Dubhda], is dúirt sé leis teacht isteach ’on chairt. Ach nuair a thugadar a n-aghaidh le fánaidh, an Chonair síos, bhí a ndóthain cúraim ar an mbuachaill is ar a athair Dowd an capall a choinneáil. Tréis iad a dhul abhaile is ea a dh’fhiarthaigh an t-athair do Dowd an bhfeaca sé an bhean. Dúirt Dowd ná feacaigh. Sin é nuair a dh’eachtraigh an t-athair do. Níorbh aon bhean chóir í, agus an capall a bheith comh fiain. N’fheadar an bhfeacaigh an buachaill aimsire í. Ní mór an seans a bhí aige air, mar bhí sé ag siúl le cliathán an chapaill. Tá sé ráite ná cíonn an tríú duine in aon chor éinní. Cífidh beirt drochrud, ach ní chífidh an tríú duine, (CBÉ, 979: 71-72).

Ní hé an leagan áirithe seo den mhír atá in eagar anseo in §406, ach an leagan a bhí le fáil in CBÉ, 1151: 230-33, agus mar le comparáid a dhéanamh idir ‘insintí éagsúla ar scéalta ó scéalaí ar leith’, is suntasach nach luaitear an Dubhdach mar fhaisnéiseoir ná mar phearsa in aon chor sa leagan den mhír atá le fáil san eagrán seo. Is léir, pé scéal é, go mbíodh claonadh ag an Dubhdach a stampa féin a fhágaint ar an méid a d’éirigh leis féin a bhailiú, agus deimhniú ar an méid sin ó nóta cín lae uaidh féin:

[?] Meán Fómhair, 1935

Ach bíodh a fhios agat gur mó uair atá gaibhte tríothu trína chéile dhóibh, agus níl babhta dá

léighim iad ná buaileann rud le deisiú agam, (CBÉ, 1115: 7).

D’fhoilsigh Seán Ó Dubhda roinnt de stór Sheáin Mhic Criomhthain le linn don seanchaí a bheith ina bheatha¹, agus ní i ngan fhios don Chriomhthanach a dheisíodh Seán Ó Dubhda gnéithe dá chuid insinte sna foilseacháin sin. Ní mó ná sásta a bhí an Criomhthanach mar gheall air seo de réir an tsleachta seo a leanas ón 2 Iúil 1944 inar labhair sé le Seosamh Ó Dálaigh faoi shampla den sórt ruda a bhíodh ‘le déisiú’ ag ‘Dowd’, mar a thugadh sé air:

2 Iúil 1944

“Nach maith,” ar seisean, “ná deineann tusa aon athrú ar an scéal. Bhí scéal agamsa, filíocht ab ea é, mar gheall ar dhá mhada rua a bhí thíos i bhFormaoil agus dhá “bhithiúnach” a chuir Dowd ann in ionad an dá “mhada rua”², agus n’fheadar cad ina thaobh gur dhein sé é. Ní ceart iad san a dh’athrú.”

“Ní ceart in aon chor,” arsa mise, (CBÉ, 455: 943).

Ní raibh Seosamh Ó Dálaigh suite ar an gclai ó thaobh a thuairim a chur in iúl i dtaobh obair a chomhghleacaí sa Choimisiún, agus í á cur in iúl go láidir aige faoi mar is léir ón méid déanach sin. ‘Caint shimplí’ a thug Seán Mac Criomhthain ar ráiteas eile ón Dubhdach gur mhaith leis ‘aingil an uabhair’ a fheiscint sa bheo tar éis dó scéal a chlos ón gCriomhthanach mar gheall ar an deamhan céanna (§66 | CBÉ, 1178: 479). Thug an Criomhthanach le fios ar ócáid eile gur ag imeacht le daoine ón saol a bhíodh an Dubhdach a thug lóistín d’fhear a bhí ag teitheadh ón dream céanna:

I dtig Dowd a dh’fhan sé an oíche sin go maidean. Deir siad go mbíonn sé siúd ina dteannta go minic. Bíonn a lán scéalta aige, ach ní thugann sé amach an scéal ach aon uair amháin, agus ní

¹ Tá na foilseacháin seo leagtha amach i bhfo-nóta sa réamhrá agam.

² Bhí ‘Agallamh an dá mhada rua’ mar theideal ar an leagan den fhilíocht seo a d’fhoilsigh Seán Ó Dubhda in *Duanaire Duibhneach* agus a leagann Mícheál Ó Ruairc ar Sheán Mac Criomhthain (1998: 142), cé nach bhfuil sé seo soiléir ó *Duanaire Duibhneach* é féin, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an ceart ag Ó Ruairisc mar go bhfuil an dá leagan ag teacht le chéile. ach is fíor go raibh ‘bithiúnaigh’ ag Ó Dubhda (1933: 114-117) san áit inarbh fhéidir gur ‘dhá mhada rua’ ráite ag an gCriomhthanach a bhí chomh géarchúiseach lena leithéid a thabhairt faoi deara. Is léir gur tugadh dó cóip den *Duanaire Duibhneach* agus gur léadh amach dó é, agus gur ghoill an obair eagarthóireachta air. D’fhéadfá gur Seosamh Ó Dálaigh a thug an chóip sin dó, agus tá sé suimiúil gur bhreac an scríobhaí sin nóta i mbun an leathanaigh lámhscríbhinn ar a bhfuil teacht in § 66. CBÉ, 1178: 479 a thug le fios gurbh é ‘Seán Ó Dubhda O.S. údar *Duanaire Duibhneach*’. Ní mór a thabhairt le fios go luaitear ‘bithiúnaigh’ sa leagan atá againn ó Sheosamh Ó Dálaigh in § 431. CBÉ, 968: 100-105 chomh maith áfach. Ar aon chuma, is é an leagan a chóirigh Seán Ó Dubhda a cuireadh i gcló in *Dán is Céad ón Leitriúch* (Ó Ruairc, 1998: 27-29) ina dhiaidh sin.

thugann sé amach ach smut do, (CBÉ, 979: 155).

Tuigimid ón nóta seo a leanas a bhreac Seán Ó Dubhda go raibh an Criomhthanach sásta a bheith páirteach sa togra ón tús:

Lá na Faoillí, 1936

Bhíodh sásamh aigne orthu scéal nó amhrán a bheith scríte uaidh chun go mbeadh sé ó bhaol báis, (CBÉ, 1115: 21).

Tá an chuma ar an scéal nach raibh ag éirí chomh hiontach sin leis an Dubhdach an chuid is fearr den Chriomhthanach a thabhairt amach, áfach, agus an locht á chur aige ar an seanchaí, seachas ar mhodhanna an bhailithe. Cuirim i gcás nach bhfaightear a leithéid seo a leanas de ráiteas riamh ón Dálach:

[?] Meán Fómhair, 1935

Ach tá sé ag dul i leisciúlacht orm. Deir sé nár mhaith leis a bheith ag cur síos ar na mairbh gach oíche. Deir sé leis go bhfuil sé ag teip chun iad d'insint, (CBÉ, 1115: 8).

Ní mór a mheabhrú ag an bpointe seo gur bailitheoir deonach ab ea Seán Ó Dubhda a dhein cúram lánaimseartha an mhúinteora scoile ar feadh tréimhse ama a tharraing ar an leathchéad go dtí gur bronnadh stádas an 'special collector' air, mar atá feicthe againn. Bailitheoir lánaimseartha ab ea Seosamh Ó Dálaigh a tháinig níos déanaí chun na hoibre sin, agus oiliúint níos críochnúla faighte in obair an bhailithe aige dá bhrí sin. Bhí sé ina chnámh spairne idir Seán Ó Dubhda agus an Criomhthanach, mar shampla, gur athraíodh roinnt d'insint an tseanchaí dá bhuíochas, ach faoin tráth go raibh an Dálach ar an bhfód, bhí an Coimisiún ag míniú go cúramach soiléir do na bailitheoirí nár chóir a bheith ag cur isteach ar ábhar na seanchaithe ar aon slí: 'record the information in the exact words of the speaker, if possible. Make no 'corrections' or changes', (Ó Súilleabháin, 1942: xii). Ní raibh a leithéid de dhoiciméad agus *The Handbook of Irish Folklore* ar fáil do Sheán Ó Dubhda ar feadh stáir mhaith dá chuid obair bhailithe, agus caithfear cuimhneamh ar chúinsí mar é nuair a dhéanfar meá ar an obair a dhein sé.

Seán Mac Criomhthain mar fhaisnéisí

Ní hamháin go mbíodh léamh ar leith ag an gCriomhthanach ar na bailitheoirí a ghabhadh chuige, bhí tuairim ar leith aige maidir leis an tslí ina gcuirfí i láthair an cineál ábhair a bhíodhas ag bailiú uaidh. Ní raibh gach mír seanchais dar thug sé leis ar chomhchéim ina thuairim féin – ‘Dhera, ní fíú dhuit é sin a scríobh síos. Ná fuil sé sin age madraí an bhaile?’ a dúirt sé i dtaobh cuntas a cuireadh mar eireaball leis an mír ‘An sagart agus ceol na bhflathas’ (§213 | CBÉ, 979: 157-159); cur síos ar na flathais in airde a thug máthair éigin dá mac tráth a bhí i gceist. Má dúirt, scríobh Seosamh Ó Dálaigh síos mar sin féin é, agus níl aon ní ná go mbíodh Seosamh Ó Dálaigh sásta é a bhreacadh síos, in ainneoin a ndéarfadh Seán leis:

Bhí sé i mBaile Móir, Carty – ní fíú dhuit é seo a scríobh mar níl ann ach aiteas a bhí ar dhuine, (§348 | CBÉ, 966: 31-36).

Bhí gach aon rud á thaifeadadh sa tslí seo, agus ní chuireadh Seosamh Ó Dálaigh isteach ná amach ar insintí loma an Chriomhthanaigh, gné dá stíl a thaitin leis:

8 Nollaig 1944

Eachtraihte gearra ar fad atá aige, agus ní chuireann sé aon tslacht in aon chor orthu ach díreach fé mar atáid siad. Beidh gach aon ruainne den eachtra agat, ach ní bheidh a thuilleadh, (CBÉ, 1045: 81).

Is léir as seo ar fad go raibh suim ag Seán Mac Criomhthain sa togra, agus mothú dá réir sin aige ar a ról mar sheanchaí, faoi mar a léiríodh agus é ag eachtraí ar ‘An scoláire bocht agus an leanbh á shaolú’:

D’éirigh mo mháthair chríonna ansan, is chonaic sí é:

“a Athair,” arsa í sin, “an bhfaigheadsa cead cainte?”

“Geobhaidh tú,” arsa é sin.

D’eachtraigh sí do mar gheall ar an scoláire bocht tríd is tríd fé mar tá eachtraihte agamsa

dhuitse, (§355 | CBÉ, 936: 547-549).

Is léir, leis, gur shamhlaigh an Criomhthanach difríocht a bheith le próiséas an deachtaithe, seachas an scéalaíocht sa phobal. Cuirim i gcás nár dhócha go ndéarfadh sé i gcomhlúadar an phobail a leithéid de rud i is atá ráite anseo aige agus an Dálach ag taifeadadh uaidh:

D’eachtraíodar do. **Is dócha nách gá dhomhsa é a dh’eachtraí in aon chor**, (§251 | CBÉ, 968: 343-348).

“Abair aríst é sin a gharsúin,” arsa an feirmeoir.

Dúirt sé aríst é. **Ní gá dhomhsa é a rá is dócha**, (§472 | CBÉ, 968: 61-63).

Bhí ag méadú ar an meas a bhí ag Seosamh Ó Dálaigh ar an gCriomhthanach de réir mar a bhailíodh sé uaidh. Ar an 4 Feabhra 1948, beagnach ceithre bliana tar éis bualadh ar dtús leis, bhí an méid seo le rá aige:

4 Feabhra 1948

Mar a dúrt cheana, ní fheaca máistir Sheáin riamh chuinn scéil nó eachtra a scríobh uaidh. Eachtraíonn sé ar dtús é, agus eachtraíonn aríst é chuinn é a scríobh, agus is iad na focail chainte chéanna a bhíonn aige gach uair, (CBÉ, 1291: 1116).

Is é an tuairim a léirigh Seosamh Ó Dálaigh sna línte ina dhiaidh sin ná nár mhór an difear sna focail a bheadh ann ‘dá n-eachtródh sé i gcionn dhá bhliain [an t-eachtra]’, agus é rin ráite go minic aige ar leathanaigh eile sna sleachta dialainne:

16 Feabhra 1949

Is mó eachtra a thairrig sé chuige a bhí scríte síos cheana agam uaidh, ach thugas fé ndeara ná raibh cor ná casadh in aon eachtra riamh acu ach fé mar a dh’eachtra sé dom iad, (CBÉ, 1292: 25).

Is é an seanmhaíomh céanna a dhein Séamus Ó Duillearga i dtaobh Sheáin Í Chonaill dar ndóigh: ‘is cuimhin liom gur chuala aige fé Nollaig 1923 an chuid ba mhó do sgéal Dhiarmuda agus Gráinne do réir mar atá sé i gcló, focal ar fhocal’ (Ó Duillearga, 64: xx). Is dócha go raibh roinnt den

áibhéal sa chaint reitric seo – cleas ab ea é, ní foláir, le béim a leagan ar ársacht an ábhair a bhí á bhailiú ag an gCoimisiún, agus ar an luach a bhain leis an ábhar a bhailiú dá bhrí sin. Tuigfear nár bhain aon mharbhántacht le hinsintí an Chriomhthanaigh, áfach, ach comparáid mhear a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla de mhíreanna seanchais a tras-scríobhadh ó Sheán Mac Criomhthain, agus na taifeadtaí fuaime a mhaireann i gcónaí de ghuth an scéalaí. Níor mhiste sampla amháin a thabhairt anseo. Cuirim i gcás gur mar seo a leanas a chuirtear tús le píosa seanchais dar theideal ‘Drochshonuachar’ a bailíodh i mí Iúil na bliana 1945:

Bhí uncail eile dho m’athair, agus do cailleadh a bhean. Do phós sé aríst, agus má phós, ní maith an sonuachar a bhuail an tarna huair leis, agus do bhí an fear ag iascach, (§249 | CBÉ, 977: 243-244).

Bailíodh insint eile ar an ‘drochshonuachar’ cúig bliana ina dhiaidh sin, i mí na Nollag 1950, ach níorbh ar sheanuncail an tseanchaí a leagadh an eachtra an uair seo:

Bhí fear eile ar Ché an Leitriúigh, agus do cailleadh a bhean, agus do phós sé bean eile, agus níor mhaith í. Bhí sé ag iasach, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Baineann saoirse le ceird an tseanchaí gan dabht, ach níor mhaith le Seán Mac Criomhthain go gceadófaí an tsaoirse chéanna do na bailitheoirí ó thaobh cor nó casadh a chur ina chuid insintí, faoi mar a bhí le feiscint thuas againn ó dhialann Sheosaimh Uí Dhálaigh. Ach má bhí an Criomhthanach coimeádach ó thaobh cor nó casadh a chur isteach ina chuid seanchais de, níorbh aon Luddach é ar a shon sin. Thaitin an t-eideafón go mór leis toisc, is dócha, go bhféadfaí, leis an teicneolaíocht úrnua seo, taifeadadh cruinn ceart a dhéanamh ar a chuid ealaíne. Dheineadh Seosamh Ó Dálaigh caint an Chriomhthanaigh a thras-scríobh go dílis de láimh leis féin ó na fiteáin níos déanaí ag baile. Níorbh annamh cúig huair a chloig sa ló á chaitheamh aige i mbun tras-scríofa ar ábhar den chineál seo a bhíodh taifeadta cheana aige ar na fiteáin sealadacha ar bhain práinn dá chomhartha sin lena dtras-scríobh sara n-éagfaidís. D’éiríodh leis an gCriomhthanach suas

le seacht gcinn d'fhiteáin a líonadh le seanchas in aon seisiún amháin, agus is léir ón sliocht seo a leanas go mbaineadh an Criomhthanach an-sásamh as a bheith ag plé leis an 'meaisín' nua-aimseartha úd:

26 Samhain 1944

Chuir sé fáilte romham. Tréis tamall cainte, d'eachtraigh sé amhrán dom a deineadh do mhadra.

"Cad mar gheall ar an meaisín?" ar seisean i gcionnn tamaill.

Tá an meaisín insa tig lé breis agus seachtain. Chuireas féin ann é, agus thugas liom ó thig Mhait é. Chuireas an meaisín i bhfearas ar an mbórd. Bhí an Criomhthanach ag faire orm, agus é ina sheasamh taobh liom. Nuair a bhí sé réidh, chuireas ag deachtú é. Níl caint róláidir aige, ach nuair a bhí an t-eachtra deachtaithe aige, chuireas smut de ar siúl do. Bhuaill sé an "adharc" go dlúth isteach léna chluais. Bhí sé ag éisteacht.

"Tá sé á rá i leith a chúil," ar seisean.

Chuireas ar siúl óna thosach ansan é, agus bhí sé ag éisteacht go haireach leis, agus fáth a gháire ar a bhéal. Nuair a bhí sé go léir cloiste aige:

"Á," ar seisean, "sin é an buachaill ná cuirfidh aon chor ann."

Bhí sé ana-shásta ar fad leis mhar [sic] duine is ea an Criomhthanach nár lú leis an sioc ná cor a chur in aon scéal, ach é a dh'eachtraí go gcrúinn fé mar a chuala sé é. "Líon sé suas lé chúig fiteáin, agus b'éigean iad go léir a chuir ar siúl do thar'n ais, (CBÉ, 1045: 63).

Is léir gur tagairt siar go dtí an nós a bhíodh ag Seán Ó Dubhda rudaí a 'dheisiú' a a bhí i gceist ag an gCriomhthanach leis an bhfocal 'cor' sa mhéid déanach sin, agus go raibh sé sásta nach n-athrófaí as sin amach a chuid cainte a caomhnaíodh go dílis de dhroim an mheaisín taifeadta. Díol spéise is ea é, leis, a fhusa agus a chuir an Criomhthanach a shaibhreas cainte dúchasach in oiriúint do théarmaíocht na teicneolaíochta nua, is é sin, 'tá sé á rá i leith a chúil' seachas 'tá sé ag casadh siar'. Bhí sé inniúil ar an ngléas féin a láimhseáil go pointe áirithe, chomh maith, is cosúil:

8 Nollaig 1944

Thug sé fhéin leis an meaisín ón seomra, agus faid a bhíos-sa ag cur an mheaisín i bhfearas, do bhí bosca na bhfiteán scortha aige sin insa tslí is ná raibh aon mhoill orm, (CBÉ, 1045: 81)

Stop Seán agus é i lár an mhír ‘Daoine ón saol eile i dtig tábhairne’ a eachtraí, agus ‘is dóigh liom go bhfuil sé lán’ á rá faoin eideafón aige. Tharla go raibh an ceart aige sa mhéid sin mar go raibh ar Sheosamh Ó Dálaigh fiteán eile a shocrú díreach ina dhiaidh sin faoi mar a chuirtear in iúl dúinn ag bun an leathanaigh lámhscríbinne in §138 | CBÉ, 967: 509-512. Ba chuimhin le Seán gan an ‘presto’ a bheith ag obair i gceart an chéad uair a tugadh chuige é, agus chuir sé a thuairisc cúpla seachtain ina dhiaidh:

19 Meitheamh 1947

Cuireadh an *presto* ag caint. Bhí an bheirt eile timpeall ar an *presto*, agus mheas Seán gur duine acu a bhí ag caint.

“Nách maith an Ghaelainn atá aige?” arsa Seán liomsa.

Thug sé cúpla eachtra púcaí ansan dúinn, agus scéal beag. Nuair a bhíodar inste ag an *bpresto*, d’fhiarthaigh Seán don mbeirt an raibh sé socair fós acu. Sin a gcuir sé de spéis ann. Nuair a bhí Caoimhín ag tochrais an tsrangáin ina dhiaidh sin amuigh, bhí Seán ag féachaint air.

“An bhfuil aon bhreac ort?” ar seisean.

“Níl,” arsa Caoimhín, (CBÉ, 1291: 6).

Ní léir dom cad chuige gurb é a deir Seosamh Ó Dálaigh thuas i taobh an bhaint a bhí ag Seán leis an ngléas úrnua sin ná ‘sin a gcuir sé de spéis ann’. Is léir go raibh spéis ar leith aige i ngléas an *presto*, agus is í a úsáideadh chun an dornán dá maireann go dtí an lá inniu de thaifeadtaí ar an gCrimhthanach a dhéanamh chomh maith. Beidh guth Sheáin Mhic Crimhthain le cloisint go buan a bhuí leis na plátaí a bhreac Caoimhín Ó Danachair uaidh i dteannta Sheosaimh Uí Dhálaigh i samhradh na bliana 1948. Sé phláta a breacadh ar an 16 Iúil, agus ‘roinnt dheas’ plátaí a breacadh ar an 18 Iúil, más fíor.

Ní mór a thaitin an gléas grianghrafadóireachta leis an gCrimhthanach, déarfadh duine. Bhí a leithéid de threalamh ag a mhac féin agus é ag teacht ar a thuairisc lá, mar a chonaiceamar i dtosach na caibidle, agus b'éigean dul ag tathant ar a athair go dtoileodh sé seasamh isteach i bpictiúr:

15 Lúnasa 1945

Bhí ana-leisce ar an gCrimhthanach. Dúirt sé go raibh sé róchaite chun a pheictiúr a thógaint, (CBÉ, 1045: 217).

Ba dhóigh le duine go mba dheacair pictiúr a thógaint de dhuine i ngan fhios de dhuine an uair sin, ach is mar sin a dhein Caoimhín Ó Danachair an grianghraf de Sheán Mac Crimhthain a ghabhann leis an tráchtas seo (CBÉ, M001.18.00184). Éachtaint an-deas ar chaidreamh Sheosaimh Uí Dhálaigh le duine de mhórsceálaithe a thréimhse leis an gCoimisiúin atá sa phictiúr céanna. Luadh gur dhein Ó Danachair pictiúr eile, ar chuaigh díom teacht go fóill air – dealraíonn sé gur thóg sé pictiúr de choire a bhíodh ag obair sa drochshaol ag déanamh praisce i dtigh na gCrimhthanach, agus a luaitear go sonrach sa mhír fhada ar an nGorta Mór:

Bhí dhá *bhoiler* ar an mbaile seo, ceann mór, agus ceann beag ag beiriú leitean. B'fhuiriste seirbhísigh a dh'fháil chuinn í a bheiriú agus a riaradh mar “an té a bhíonn ag fuaradh na praisce, bíonn sé féin á blaiseadh.” Praiseach mhine bhuí a bhíodh ann. N'fheadar an mbíodh praiseach mhine eorna aon tamall ann, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Timpeall an Aibreáin sa bhliain 1949 a taibhsíodh arís don Dálach féin go mb'fhéidir go raibh sé gar do dheireadh a bheith déanta aige de stór Sheáin Mhic Crimhthain a bhailiú:

15 Aibreán 1945

Bhíos thuaidh istigh ag Seán Crimhthain ar a trí a chlog, agus chaitheas an tráthnóna go dtína chúig ag bailiú uaidh, ach níor dheineas saothar mór mar tá stór Sheáin nách mór díscithe anois, (CBÉ, 1045: 140).

Más ea, bhí a stór go fóill gan dísciú faoi mhí Feabhra na chéad bhliana eile:

16 Eanáir 1946

“Is ea,” arsa an Crimhthanach fé chionn tamaill, “n'fheadar an bhfuil éinní anois agam duit.” “Tá, rud éigin,” arsa mise, mar is maith a bhí a fhios agam go bhfuil seanchas ina chodladh sa Crimhthanach fós, (CBÉ, 1045: 321).

Níor chuaigh aon stad ar an gCrimhthanach i gcaitheamh na mblianta ón gcéad iontráil i gcín lae an Dálaigh i mí an Mheithimh 1944, tríd an mbliain 1945 inar bailíodh formhór an ábhair atá cnuasaithe anseo, go dtí an méid seo a leanas a scríobh Seosamh Ó Dálaigh i mí Feabhra 1948:

6 Feabhra 1948

Cé go bhfuil an seanchas ag dul i ndisc anois ar Sheán Crimhthain, tá a lán eachtraithe deasa fós aige, agus seanchas spéisiúil, (CBÉ, 1291: 117).

D'imigh bunús bliana eile, agus bhí an Crimhthanach fós ag teacht amach le hábhar úrnua:

27 Feabhra 1949

Chuas tráthnóna go dtí Seán Crimhthain i gCillmaoilchéadair. Chaitheas an oíche ann ag seanchas leis féin, agus léna mnaoi. Bhreacas síos roinnt seanchais nár chuala fós uaidh, (CBÉ, 1292: 30).

Agus ní raibh an Crimhthanach ná áitritheoirí eile an tí ag éirí breán den chúram:

14 Deireadh Fómhair 1947

Is mó lá anois ó chuas chuige an chéad lá, ach is é an duine céanna Seán agus muintir an tí, fáilteach i gcónaí romham, (CBÉ, 1291: 71).

Go deimhin, bhí sé ráite ag an Dubhdach riamh sular thug Seosamh Ó Dálaigh aon chuairt ar na Crimhthanaigh nach raibh aon teorainn leis an méid seanchais a bhí ag Seán Óg na Cille:

Táim ag scríobh le fada de bhlianta uaidh, ach níl in aon ghiorracht do dheireadh a bheith scríthe uaidh fós, is ní bheidh go deo, (CBÉ, 621: 190).

Deireadh ré

Bhí téarma an Dálaigh féin nach mór istigh faoin mbliain 1951, agus dúirt sé sin an méid sin i dtreo dheireadh na bliana céanna:

1 Samhain 1951

Táim ag druideam leis na laethanta deiridh ag obair fé stiúiriú Shéamas Uí Dhuilearga do Choimisiún Béaloideas Éireann. Le tamall anois ó bhronn Dia muirear orainn, ní fhéadas dar liom oiread aimsire, is ba mhaith liom a chaitheamh le chuid oibre, obair a thaithnigh liom, obair go rabhas ó dhúchas oiriúnach di, obair a mhéadaigh in aghaidh an lae mo mheas ar chultúr na ngnáthdhaoine i gceantair ná raibh fós truaillithe age cultúr saolta na haimsire seo. Mhéadaigh sé leis mo chuid eolais ar staid na ndaoine sin, na nithe go raibh meas acu air, an greann a bhí iontu, agus an creideamh láidir a bhí acu i nDia, (CBÉ, 1292: 618).

Is léir ón méid seo machnaimh ón mbliain 1945 gur leag sé luach ar leith ar scéalaithe pharóiste na Cille, an Criomhthanach ina measc, laistigh de líonra scéalaíochta Chorca Dhuibhne:

2 Meitheamh 1945

Lém rothar a dheineas formhór an taistil. I bparóiste na Cille agus i nDún Chaoin is mó a dheineas obair. Bhailíos éacht béaloidis ó Pheats Dónaill, Maitiú Gromell, agus Seán Criomhthain. Beidh uaigneas orm ag fágaint na ndaoine ar fad anois, ach tá fómhar maith lé déanamh in áit eile fós, agus ní suain domhsa anois. Cairde buana domhsa is ea na daoine go léir go rabhas ag bailiú uathu. Guím faid saoil dóibh ar fad, agus do dtuga Dia a bhearta síoraí dhóibh nuair a raghaidh siad ag triall air, (CBÉ, 1045: 163).

Ar an 4 Samhain 1951 a tháinig deireadh le blianta Sheosaimh Uí Dhálaigh mar bhailitheoir lánaimsire béaloidis, tús á chur aige lena shaol nua mar mhúinteoir i Lios Fearnáin, Contae Thiobraid Árann:

5 Samhain 1951

Thána ar scoil inniubh. Athrú mór dom seasamh as comhair ranganna páistí seachas suí cois tine i dtigh tuatha ag ceistiú, agus ag seanchas le daoine aosta. N’fheadar conas a raghaidh sé síos liom, ach beidh tamall ann sara dtaithneoidh sé liom, (CBÉ, 1291: 620).

Ba é an 4 Eanáir 1951 an dáta ba dheánaí dar thuairiscigh an Dálach cuairt a bheith tugtha aige ar an gCriomhthanach ina chín lae, agus ba lom í an iontráil a chuir síos ar an ócáid stairiúil sin:

4 Eanáir 1951

Istigh ag scríobh inniubh go dtína ceathair. Timpeall a chúig ghluaiseas agus chuas ar an

gCill 'dtí Seán Criomhthain. Chaitheas tosach na hoíche dtína naoi farais, (CBÉ, 1291: 497).

Luaitear mí Feabhra 1951 leis an méid seanchais atá le fáil ón gCriomhthanach againn in §419 | CBÉ, 1201: 195-210, agus is é an t-aon mhír amháin san eagrán seo a bailíodh sa bhliain sin. Bhraith Seosamh Ó Dalaigh gur 'éacht béaloidis' a bhí bailithe aige ón gCriomhthanach ar deireadh (CBÉ, 1045: 163), maille le faisnéis annamh ar ghnéithe den saol a chaitheadh muintir Chorca Dhuibhne an uair úd. Cá bhfios ná go mbeadh a thuilleadh seanchais bailithe aige ó Sheán Mac Criomhthain mura n-aistreadh sé go 'Tiobrad Ára' mar a thugadh an Criomhthanach féin ar an gContae sin. Ar feadh ceithre bliana eile a mhair Seán, agus bhí sé go maith go deireadh a shaoil, tamall breá fada i ndiaidh imní de shórt a bheith léirithe ag an Dubhdach sa bhliain 1940 mar gheall ar a shláinte:

[?] 1940

Tagann tinneas cinn ana-mhinic air, is ní haon ionadh é is a bhfuil ina cheann. Ní mór na cealla beaga folamh ann. Fear díreach macánta é, is ní bhíonn a leithéid róbhuan go minic, (CBÉ, 1115: 118).

Bhíodh babhtáí tinnis ar nós gach aon duine anois is arís aige, é gearánach ar shlaghdáin agus ar 'dhathacha' (CBÉ, 1291: 92), agus níor mhór dó é a thógaint bog dó féin ina leithéid de chás. Bhí sé an-olc seachtain amháin i mí Feabhra na bliana 1948:

10 Feabhra 1948

Dúrtas liom go raibh sé sa leabaidh le greim a bhí ina chliathán. Bhí a fhios agam go raibh sé go dona, agus é a dh'fhuireach sa leabaidh mar ní lú leis an sioc ná fuireach inti, (CBÉ, 1291: 118).

17 Feabhra 1948

Bhí sé ina shuí romham, agus é gearánach a dhóthain go deimhin ar a chliathán. Uair dá raibh sé ag deimhniú lena ghéig, agus é ag seanchas, do thóg sé a láimh dheas ró-ard, agus do baineadh cnead as, (CBÉ, 1291: 128).

Ach dhá uair laistigh den chéad dá mhí den bhliain dar gcionn a thuairiscigh Seosamh Ó Dálaigh in 1949 go raibh an Criomhthanach go maith ‘fós’.

19 Eanáir 1949

Chuas dtí Seán Criomhthain i gCill Maoilchéadair. Is fada anois ó bhíos ann. Ní rabhas aige ón samhradh nuair a bhí na plátaí á dhéanamh againn. Tá Seán go maith fós, (CBÉ, 1292: 13).

16 Feabhra 1949

Tá tamall anois ann ó thugas aon turas ar Sheán. Tá sé go láidir fós cé go bhfuil beagán den slaghdán so atá ag imeacht timpeall air.

“B’fhearr liom a bheith curtha,” ar seisean liom, “ná an tiomáint a fuairas anuiridh ón gcasachtach.” (CBÉ, 1292: 25).

Mheas sé nárbh aon drochshaol a bhí caite aige. Leid dá bhreith phearsanta ar imeachtaí a shaoil is ea an cuntas a thugadh sé ar sheanchas an lae a baisteadh é:

Nuair a bhíos baistithe ansan:

“Sin leanbh,” arsa [an tAthair Éigin], “ná cífidh aon drochní go deo.”

Agus b’fhíor do. Míle baochas le Dia, ní fheaca, agus táim istigh i mbaile teampaill, (§396 | CBÉ, 968: 509-510).

Sa teampall céanna a cuireadh Seán Mac Criomhthain nuair a cailleadh é ar an gcéad lá de mhí na Nollag 1955 (Mac Gearailt, 2010: 230). Bhí sé ar dhuine de na seanchaithe ba mhó ábhar béaloidis i gCorca Dhuibhne, agus ba ghá tréimhse nób fhaide ná fiche bliain ar fad a chaitheamh lena cheart a thabhairt d’iomlán a stóir – ó mhí na Samhna 1928 nuair a ghabh Seán Ó Dubhda ar dtús chuige go dtí an 4 Eanáir 1951 nuair a bhailigh an Dálach go deireanach uaidh. Tá ár mbuíochas ag dul don Dálach agus do scata eile go bhfuil cuntas buan sa chnuasach seo anois againn ar an bpearsain Dhuibhneach ar ar bhaist Seosamh Dálaigh, an chéad lá ar bhuail sé leis, ‘an seanchaí suáilceach mín macánta fáiltiúil’ (CBÉ, 943: 456).

Níor mhór an focal ‘ealaíonta’ a chur le cur síos an scríobhaí óir saothair áille litríochta iontu féin is

ea gach ceann de na míreanna atá ar fáil sa chnuasach seo. An té a léifidh na téacsanna béaloidis atá ann, taibhreach go glé dó gnéithe de shaol Sheáin, na leithinse agus na tíre mar atá pléite sa chaibideal seo, ach iad a bheith curtha go fileata i bhfriotal faoi mar a bhíodh ar chumas na seanchaithe ab fhearr in Éirinn a dhéanamh.

Tá solaidí sa chnuasach seo againn de na míreanna gearra grinn aige a bhíodh ag Seán Mac Criomhthain, agus tá roinnt dá chuid leaganacha féin de sheánraí móra béaloidis na hEorpa ann. Tá seanchas ann ar lá a bhreithe féin, ar na daoine gur díobh é, agus ar na dúithí lenar bhaineadar sin go léir. Tá sé ráite agam sa tráchtas seo go raibh Seán ina “ghamhain seantairbh”, dála Thomáis Uí Chriomhthain ón mBlascaod mór, agus tá léiriú an-tábhachtach ar an dlúthchaidreamh a bhí ag Seán lena athair mar fhear ón seansaol a tháinig chun coinlíochta in Éirinn i bhfad roimh an nGorta Mór, agus tá léiriú chomh maith ar an tionchar a bhí ag Seán Óg ar dhaoine ar cuimhin leo é agus a mhaireann beo san aonú haois is fiche ina dhiaidh. Is féidir a rá dá bhrí sin go mbaineann roinnt de thábhacht a chuid seanchais leis an gceangal a dhéanfaidh sé idir seacht nglúin de mhuintir Chorca Dhuibhne.

Cé gur ar éigean go bhféadfaí aon tor a thabhairt ar thráchtairí a dúirt go raibh an Criomhthanach agus scéalaithe mar é chomh dílis sin don traidisiún gur beag de dhifear idir leagan a bheadh oíche amháin acu agus an leagan a bheadh oíche eile deich mbliana níos déanaí acu, is léir go gcuireadh sé leagan ealaíonta údarásach den scéal i láthair na cuileachtan, agus a chuid cainte ina eiseamláir de chanúint thraidisiúnta Chorca Dhuibhne ar feadh an ama. Bhí grá, leis aige do na scéalta a deireadh sé, agus bhí sé sin soiléir ó na taifeadtaí fuaime agus an guth drámatúil a chloisimid in úsáid aige mar chuid dá stíl insinte. Bhaineas ardtaitneamh as aithne a chur ar Sheán gona chuid gramadaí agus gona chuid grinn. Ba é mo ríphribhléid eolas níos mine a fháil ar shaibhreas na Gaeilge mar chuid d’obair an tráchtas seo i bhfochair an duine seo de sheanchaithe móra Chorca Dhuibhne.



Reilig Chill Maoilchédair mar a bhfuil uaigh Sheáin Mhic Criomhthain (1875-1955) le feiscint. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal agus anam a mhná céile sa chré lena thaobh.



Modh Eagarthóireachta

Cúrsaí canúna

D'fhonn léiriú chomh cruinn agus ab fhéidir a thabhairt ar an gcineál Gaeilge a bhí á labhairt sa chéad leath den fhichiú haois i bparóiste Chill Maolchéadair agus an ceantar máguaird, beartaíodh i dtosach obair na heagarthóireachta gur ghá an oiread agus ab fhéidir de shaintréithe Sheáin Mhic Criomhthain a chaomhnú san eagrán seo dá chuid seanchais. Dá chomhartha sin, tháinig foirmeacha gramadaí na canúna slán maille le roinnt nathanna cainte agus focal a thioctadh salach ar an gcaighdeán oifigiúil de ghnáth. Ar a shon sin is uile, bhí eagarthóireacht dosheachanta i dtreo is nach gcuirfí foghlaimoirí ná cainteoirí canúintí eile ó dhoras. B'éigean dá bhrí sin cinntí áirithe eagarthóireachta a thógaint agus a chur i bhfeidhm ar chaint Sheáin Mhic Criomhthain faoi mar a fuarthas í a bhuí le tras-scríbhinní dílse Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Ón uair gur sa tréimhse réamh-caighdeáin a scríobhadh cáipéisí an Choimisiúin Bhéaloideas, níor mhór na cinntí eagarthóireachta a mhínítear anseo a chur i bhfeidhm ar aon cheann de na hathfhriotail a tógadh ó fhoinsí chartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann - idir cheistneoirí, litreacha, thuairiscí, agus, gan dabht, na tras-scríbhinní féin. Agus na cinntí eagarthóireachta seo á gcur i bhfeidhm, bhain rí-thábhacht le gan canúnachas for-cheartaitheach a bhrú isteach san áit a raibh leaganacha 'caighdeánacha' le fáil sa bhuntéacs. Ba léir, mar shampla, nach raibh Seán Mac Criomhthain teanntaithe le tréithe traidisiúnta na canúna, agus ní mór a aithint ná go bhfuil léargas le fáil sa mhéid sin féin ar chanúint Chorca Dhuibhne.

Ní ceart na cineálacha cinntí eagarthóireachta dá dtagraím a dhéanamh os íseal, agus mar sin, is é atá sa chuid seo den tráchtas ná cur síos ar an modh eagarthóireachta a tháinig chun cinn agus mé i mbun oibre. Tabharfar raidhse samplaí ó na lámhscríbhinní tríd síos sa chaibideal seo ar an modh eagarthóireachta, agus téarmaíocht na teangeolaíochta mar chrann taca ann d'fhonn an cur síos canúineolaíoch seo a bheith chomh pointéalta agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Roinnt de na samplaí a thugtar ó na lámhscríbhinní, baineann siad le míreanna béaloidis ón gCriomhthanach nár cuireadh

san eagrán seo ach ar measadh tábhacht a bheith leo anseo de bharr an léargais a bhí le fáil iontu ó thaobh cúrsaí canúna de.

Sa chéad chuid den mhodh eagarthóireachta seo, tabharfar cuntas ginearálta ar an bpolasaí eagarthóireachta ó thaobh na hortagrafaíochta, na poncaíochta, agus na comhréire. Sa dara cuid den mhodh eagarthóireachta, pléifear leis na pointí is suimiúla teanga a tháinig chun cinn agus na téacsanna á gcur in eagar agam. Leagfar an plé sin amach de réir na rann cainte lena mbaineann na pointí suimiúla teanga sin – an aidiacht, an t-ainmfhocail, an briathar, an forainm, an réamhfhocail, agus na huimhreacha.

Foghraíocht agus ortagrafaíocht

Is é a bhí agam mar phríomhfhoinsé don chaighdeán léacsach oifigiúil ná *Foclóir Gaeilge-Béarla* Uí Dhónaill, idir na gnáth-cheannfhocail atá ann, agus na leaganacha ‘malartacha atá coitianta sa teanga’ a ceadaíodh sa bhfoinse sin (1977: 193). Le roinnt d’fhoclaíocht Sheáin Uí Choileáin a tharraingt chugham féin, ba mhaith liom ‘teacht a bheith ag an léitheoir ar an bhfocal gan mórán duaidh, agus da bhrí sin, an litriú a bheith ag Niall Ó Dónall, *Foclóir Gaeilge-Béarla*, mar mhalairt: ní móide, abair, go nglacfaí le úr = bhur ná ca’il = cá bhfuil muna mbeadh san,’ (Ó Coileáin, 2002: xxvii-xxviii). Má bhí éagsúlacht foirmeacha canúnacha in úsáid sa bhuntéacs d’aon leagan malartach amháin, deineadh iarracht iad a thabhairt chun rialtachta. Nuair a athraíodh focail a raibh litriú an-suaithinseach ar fad orthu sa bhuntéacs, tugadh a leithéid le fios i bhfo-nóta. I gcás foirmeacha suaithinseacha sa bhuntéacs a measadh gurbh fhearr gan rian na heagarthóireachta a fhágaint orthu, ceadaíodh a leithéidí agus cuireadh iad sa ghluais a ghabhann leis an modh eagarthóireachta. Aon fhocal nach dtuigfear san eagrán, mar sin, beidh a mhíniú le fáil in FGB nó i gceann de na gluaiseanna éagsúla a ghabhann leis an modh eagarthóireachta seo.

Tá roinnt de na focail agus na leaganacha seo d’fhocail a bhíodh in úsáid ag an gCrimhthanach agus chuaigh díom foinse réamhtheachtach a aimsiú dóibh. Fágann sé sin de chuma ar an scéal seo

gurb ionann an tráchtas seo a theacht ar an bhfód agus an chéad uair dóibh dul i gcló. Tugann a leithéid breis léirithe ar an saibhreas gur chuir Éamonn Ó hÓgáin síos air mar ‘acmhainn focal beochanúintí na Gaeilge’ (Ó hÓgáin, 1984: v). Cuireadh ‘amhla’, mar shampla, mar leagan den fhocal ‘amhlaidh’, sa ghluais ‘Focail agus frásaí Gaeilge agus leaganacha d’fhocail agus d’fhrásaí Gaeilge nach bhfuil in IED ná in FGB nó a mbaintear ciall neamhghnách astu’.

Uaireanta eile, is í an fhoghraíocht chanúnach a thuigtear as gnáthfhoirmeacha ortagrafacha áirithe, beag beann ar an gcaighdeán oifigiúil ná ar an litriú stairiúil. Tuigtear go forleathan, mar shampla, gur mar /e:/ a réadaítear ‘aoi’ i nGaeilge na Mumhan¹, agus leasaíodh ‘nao’ i dtras-scríobh an Dálaigh go ‘naoi’ an chaighdeáin sa tslí is gur ‘naoi bhfáinne’ a fhaightear san eagrán seo seachas leagan na lámhscríbhinne ‘nao bhfáinne’:

Beidh fuip **naoi bhfáinne**, agus srian im láimh dheis, (§432 | CBÉ, 968: 190-193).

Samplaí maithe is ea na focail a fhaightear i lámhscríbhinní Uí Dhálaigh faoin bhfoirm ‘deáramh’ agus ‘deárthach’ – cé gurb é an litriú stairiúil a thug FGB do na focail seo, ‘dealramh’ agus ‘dealraitheach’ faoi seach, bheadh na taifeadtaí fuaime a fhreagraíonn dóibh faoin lipéad ‘M’ ar bhunachar taifeadtaí teanglann.ie ag teacht le tras-scríobh fóineolaíoch Uí Dhálaigh. Ón uair nach bhfuil ‘deáramh’ ná ‘deárthach’ mar cheannfhocail ná mar leaganacha malartacha in FGB, ach go dtuigtear gur féidir na foirmeacha caighdeánacha a fhreagraíonn dóibh a fhuaimniú ar an tslí sin, roghnaíodh an litriú traidisiúnta sa chás seo agus i gcásanna eile mar é. Sampla eile is ea ‘cum’ – cé gur mar ‘cúm’ a thras-scríobhadh Seosamh Ó Dálaigh an briathar seo, níor ghá an síneadh fada sin a cheadú san eagrán seo de bharr gur le guta fada a bheadh daoine ag súil ó chainteoirí Ghaeilge na Mumhan sa chás seo, agus gurbh é a chloistear mar fhoghraíocht ar bhunachar taifeadtaí teanglann.ie.

¹ Mar seo a mhínigh O’Rahilly an scéal: ‘in Southern Irish *ao* is pronounced as a modified *e* (mid-mixed-lax-unrounded), which we may denote in Irish spelling by the combination *aeu* or *aéu*, or phonetically by *E*:. This sound is found throughout Munster, and also in the Irish of Kilkenny... when *aoi* is final (in other words, when there is no palatal consonant following) it is generally pronounced *E*: (in Irish spelling, *ae* or *aé*) in Southern Irish, at least in Munster, where, for example, *naoi*, *caoi*, *sgaoi* are *naé*, *caé*, *sgaé*’ (O’Rahilly, 1956: 27-30)

Meititéis agus eipintéis

Meititéis, gan dabht, is ea an phróitéis a d'fhág gur mar /d'a:rhəv/ a deirtear 'dealramh', agus glacadh san eagrán seo de ghnáth le foirmeacha d'fhocail a d'fhulaing tionchar na meititéise, i gcoimhlint le Diarmuid Ó Sé nár mharcáil a leithéid (2000: 29) agus Ó Coileáin a leasaigh a leithéid 'ós íseal' (2002: xxxviii). Níor mhiste le Diarmuid Ó Sé gan foirmeacha meititéiseacha a mharcáil de bharr go raibh tras-scríobh na haibítire idirnáisiúnta ar fáil aige do gach uile abairt ina shaothar, agus maidir le *An tOileánach*, bheadh sé de dhífear idir eagrán Uí Choileáin den leabhar úd agus an tráchtas seo ná nach ag rá na bhfoirmeacha meititéiseacha a bhí Tomás Ó Criomhthain, 'ach á scríobh, agus ní mór an tosach a thabhairt don scríobh ar an gcaint dá chionn san' (Ó Coileáin, 2002: xxx). Ní mór an tosach a thabhairt don chaint san eagrán seo de sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain de chionn gur téacsanna iad seo a scríobhadh síos ó bhéil. Na foirmeacha meititéiseacha ar glacadh leo san eagrán seo, mar sin, dála 'prugadóireacht' thar ceann 'purgadóireacht', cuireadh iad ar fáil i rann na ngluaiseanna. Uaireanta, bíonn leagan meititéiseach den fhocal i gceist nuair a infhilltear é amháin, ach ní ghlactar lena leithéid san eagrán seo – sampla d'fhoirm mar í a leasaíodh ná 'Eagailse' in 'Baile Eagailse', agus leasaíodh é sin go dtí 'Baile Eaglaise'. 'Eaglais' a bhíodh sa lámhscríbhinn i suíomh an tuisil ainmnigh, cuirim i gcás.

Níor ceadaíodh eipintéis ach amháin i gcás na ngutaí cúnta i gcomhfhocail, agus tar éis na míreanna treise, roimh chonsain. Is é sin le rá gur 'fothram' a deineadh de 'foth^haram', agus 'oibre' de 'oib^hire', ach gur cloíodh le 'seana-' agus 'ana-' na lámhscríbhinne, seachas 'sean' agus 'an-' an chaighdeáin a dhéanamh faoi seach díobh.

Gutaí

In áiteanna inar bádh 'a' sa chaint, bíodh sé ina mhír choibhneasta, ina aidiacht shealbhach, ina réamhfhocal, nó mar chuid den leagan giorraithe den alt cinnte, agus é in easnamh ar an lámhscríbhinn dá dheasca sin, cuireadh isteach arís é, nó cuireadh an focalbhá in iúl le huaschamóg faoi mar a thabharfar faoi deara i bhfrásaí mar 'conas 'tánn tú?', srl. Is fiú a lua go raibh an cuairín

mar chomhartha diaicritice le feiscint go fánach i roinnt focal, cuirim i gcás, 'ánn' mar an tríú pearsa uathu firinsneach den réamhfhocal 'i', 'cûmha' do 'cumha', 'drôma' mar fhoirm ghinideach den ainmfhocal 'droim', agus 'Rô' don ainmfhocal infhillte 'Róimhe' – is é an fuaimniú srónach a chuireadh an comhartha diaicritice céanna in iúl. Is é an nós imeachta céanna a bhí ag Séamus Ó Duilearga ina eagrán siúd de sheanchais Sheáin Í Chonaill, agus foirmeacha mar 'i gcônuí' thar ceann 'i gcónaí' aige: 'a' leanúint an fhia i gcônuí' (Ó Duilearga, 1964: 208). Ní hamháin é sin ach gur chinn sé an réamhrá scolártha a ghabh leis an eagrán a scríobh de réir córas fuaimniúil a bhí ag teacht le caint an scéalaí, sa tslí is gur 'i gcônuí' a bhí aige féin: 'Bean mhuar-chruíochfhial fháiltiúil í, go mbíodh na tuartha fáilte i gcônuí aice rôm' a dúirt an Duileargach, mar shampla, i dtaobh bhean chéile Sheáin Í Chonaill gur Cáit Ní Chorráin ab ainm di (ibid: xix). Forás a raibh guagacht ag baint leis ab ea an fhuaim shrónach seo dar le Diarmuid Ó Sé (2000: 25). Leis an tilde a chuir Diarmuid Ó Sé an réadú srónach in iúl, ach níor bacadh san eagrán seo le haon chomhartha diaicritice dá chineál a thabhairt.

Thug Seosamh Ó Dálaigh spéis do ghutaí gearra a bheith ag an gCrimhthanach san áit ina mbeifí ag súil le guta fada, trí líne a tharraingt faoi shamplaí de shíneadh fada a bheith ar iarraidh, mar shampla, agus tugann fo-notaí san eagrán seo le fios go raibh a leithéid i gceist sa lámhscríbhinn. Cuirim i gcás mar shampla dá bhfuil i gceist agam an fhoirm ghinideach 'crúibe' a tras-scríobhadh mar 'cruibe' sa sampla seo a leanas ón lámhscríbhinn, agus fo-nóta ag an nDálach fén nguta 'u' le cur in iúl gan síneadh fada a bheith ann:

Tá an rian fós inti, agus d'fhan an bhó in aice leis, agus d'fhág sí rian a crúibe i gcloch eile,
(§403 | CBÉ, 967: 54-55).

Ní mór beagán tráchta a dhéanamh ar an bpolasaí ginearálta inar tugadh grúpaí gutaí chun réitigh leis an gcaighdeán. Cloítear le foirm na lámhscríbhinne de na gutaí má bhí tionchar suntasach acu ar réadú an chonsain ba ghiorra dóibh. Cuirim i gcás 'sáisigh' seachas 'sásaigh' an chaighdeáin, mar

shampla, foirm a nglactar le ‘ái’ seachas ‘á’ a bheith ann de bharr an caolú ar an ‘s’ láir a chuirfeadh an grúpa áirithe sin gutaí in iúl. Ar an gcuma chéanna, ba a é ‘spriodóg’ an ‘d’ leathan seachas ‘sprideog’, agus ‘caíora’ seachas ‘caoire’, mar shampla, a thugtar san eagrán seo. Maidir le ‘caíora’, ainmfhocal “eisceachtúil” dar le Ua Súilleabháina a thug /ki:rə/ mar fhuaimniú do (1994: 495), is é a dúirt O’Rahilly ná ‘quite exceptionally, *caora*, ‘a sheep,’ is pronounced *caíora*, with *I*:, in Munster as in Connacht. The gen. of this word is also exceptional; historically it is *caoireach* or *caorach*, but the pronunciation is *caerach* in Muns.’ (O’Rahilly, 1956: 26). Glacadh san eagrán seo leis an litriú ‘caíora’ a bhfuil stádas seanbhunaithe leis, más ea. Is minic a tras-scríobadh foirm na haimsire caite den bhriathar ‘beir’ mar ‘riug’, ach leathnaíodh an ‘r’ seo. ‘R’ leathan a bhí tras-scríofa ag SÓD i gcás ‘Brannán’ (.i., ‘Breandán’), ach is é is dóichí de ná gur iarracht ab ea é seo ar cháilíocht an guta ‘a’ a chur in iúl san ainm seo seachas ‘r’ caol a bheith á léiriú, ach leasaíodh ‘Brannán’ go ‘Breandán’ tríd síos dá bhrí sin.

Deir Ó Sé go mbíonn sleamhnóga go minic sa chanúint leis na gutaí fada ar féidir leo a bheith déshiollach, agus is cosúil, ós rud é gur mar ‘damha’ a thras-scríobh SÓD an uimhir ‘dó’ uair uma seach, go raibh a leithéid fíor i gcás an Chriomhthanaigh leis. Deir Ó Sé mar sin féin ‘gur nós guagach é sin’, agus nach marcáiltear ina shaothar dá bharr sin iad (2000: 22), agus ní mharcáiltear san eagrán seo ach an oiread é. Fágadh aige an ‘ú’ thar ceann ‘ó’ in ‘nú’ agus ‘mú’ aon uair a bhídís aige, ach athraíodh ‘ú’ go ‘ó’ i bhfocail eile mar ‘cúmpordach’, mar shampla. Mar ‘i’ a réadaíodh an ‘ei’ i bhfocail mar ‘dein’, ‘feic’, agus ‘seisean’ a tras-scrítí mar ‘dín’, ‘fic’, agus ‘sisean’ faoi seach, ach beartaíodh ar a leithéid a chaighdeánú ‘toisc breis cur amach a bheith ag an gcoitiantacht’ ar a leithéid, chun frása a thógaint ó Sheán Ó Coileáin (2002 :xxxv). Bhí idirdhealú suntasach le tabhairt faoi deara ón lámhscríbhinn agus ón taifeadadh fuaime araon sa tslí ina ndeireadh Seán Mac Criomhthain an grúpa gutaí ‘oi’ in ainmfhocail mar ‘coirce’, ‘droichead’, ‘doicheall’ don leith amháin (mar /u/) agus i mbriathra mar ‘coinnibh’ agus ‘coimeád’ (mar /i/) don leith eile. Beartaíodh

san eagrán seo ar aitheantas a thabhairt d'idirdhealú na lámhscríbhinne, agus faightear 'droichead' mar litriú don láimh amháin, agus 'cimeád' mar litriú don láimh eile.

Consain

Ní gnách i gCorca Dhuibhne 'ch' caol idir gutaí nó ag deireadh an fhocail a réadú, agus ba mhinic ar lár é ag Seosamh Ó Dálaigh a thras-scríobhadh 'crích' mar 'crí', 'cloich' mar 'clui', 'luiche' mar 'luithe', agus 'sroich' mar 'sroith', srl., ach leasaíodh foirmeacha mar iad san eagrán seo. Is é an forás céanna ó thaobh an 'ch' caol a mhíneodh 'amuigh', a réadaítear mar 'əmu' sa chanúint, a bheith tras-scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh mar 'amuich' in áiteanna, litriú a leasaíodh go 'amuigh' an chaighdeáin san eagrán seo. Chomh maith leis sin, cuireadh an 'ch' arís isteach sna frásaí ar nós le Seosamh Ó Dálaigh a thras-scríobh mar 'ga' haon', 'ga' héinne', 'ga' héinní', 'na héinne,' agus 'na héinní,' a leasaíodh go 'gach aon', 'gach éinne', 'gach éinní', 'nach éinne,' agus 'nach éinní,' faoi seach. D'fhéadfaí gurbh amhlaidh a tosnaíodh ar an 'ch' in 'gach' a réadú sa chaint mar charn consan caol é de bharr tionchar *sandhi* a bheith ag teacht ón gcarn gutaí caola 'éi' in 'éinne' agus 'éinní', srl. Ós rud é go nglactar in FGB le 'na haon' (= 'gach aon'), glacadh leis an bhfoirm sin san eagrán seo aon uair a bhí sé le fáil sa lámhscríbhinn. Bhí 'nach aon' leis le fáil sna lámhscríbhinní agus tá sé le tuiscint ón bhfoirm sin go réadaítí an 'ch' sin ar uairibh. Glacadh le 'nach aon' chomh maith sa tslí is go bhfaightear 'na haon' agus 'nach aon' araon san eagrán seo.

Measadh grúpaí consan eile, a bháitear sa chaint ach a choimeádadh sa lámhscríbhinn, a bheith 'iomarcach', toisc gan glacadh a bheith leo i litriú caighdeánach an lae inniu ach an oiread. Sampla de ghrúpa iomarcach consan a cealaíodh san eagrán seo is ea an 'dh' in 'oidhche', ainneoin gur foirm í seo a ceadaíodh mar leagan malartach de 'oíche' in FGB. Glactar laistigh de rialacha foghraíochta an chaighdeáin le fuaimeanna défhoghrúla i gcomhthéacsanna ina bhfaigheann na grúpaí consan 'bh', 'dh', 'gh' agus 'mh' iad féin idir guta agus consan, agus feictear é seo mar shampla sa bhfocal 'caighdeán' féin, ach bhain Seosamh Ó Dálaigh leas as 'bh', 'dh' agus 'gh' neamhstairiúil

neamhchaighdeánach agus focail áirithe á dtras-scriobh aige d’fhonn suntas a thabhairt d’fhoghraíocht dhéfhoghrúil neamhghnách a bheith ag an gCrimhthanach dóibh. Tugtar roinnt samplaí anseo, cé nár glacadh leis na cairn chonsan neamhstairiúla seo san eagrán:

Glaodh ar an sagart ón **seabhamra**, (§336 | CBÉ, 967: 102-104).

Dhein sé **taghsagán** leitean do, (§363 | CBÉ, 967: 204-205).

Do bhain sé **taghsagán** don éanarthach, agus do nigh sé é, (§169 | CBÉ, 968: 485).

Do bhí na ba istigh agem uncail sa **ghleidhb** turas, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Bhíodar amuigh ag iascach i **nadhmhóig**, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Seighm “an Gamhná Dhúbaltha” dhom, (§230 | CBÉ, 1035: 436-438).

Thabharfá bliain ag obair ar do **raighn**, (§165 | CBÉ, 966: 39-41).

Ní foláir nú go raibh **substaidhnt** mhaith aige, (§315 | CBÉ, 1151: 224).

Buidéal branda a bhí istigh inti, é lán go barra. Nár mhaith an **baidhte** é, (§64 | CBÉ, 1035: 347-352).

Do bhí an bheirt eile ag obair, agus níorbh fhada gur dhein sé **braidhm**, (§275 | CBÉ, 968: 161-162).

Is mar aithris ar Dhéiseach mná a bhí foirm dhéfhoghrúil ar ócáid amháin ag an gCrimhthanach, agus cé go ndealraíonn sé ón leathanach lámhscríbhinne atá i gceist, atá ábhar doiléir ó thaobh leagan amach de, gurbh é an Crimhthanach an cainteoir, is ait an íomhá é fear na Cille a bheith ar seachrán i Rinn Ó gCuanach:

Chuala ó mhnaoi i Rinn Ó gCuanach Phort Láirge, “thug mé eidhntinn¹ Aifrinn don sagart”, (CBÉ, 1178: 499-539).

Tá macalla le clos ina leithéid as scéal a tugadh in *Sounds of Munster Irish* (1898) le Risteard De Hindeberg, Déiseach, agus an t-údar ag dearbhú ar nós a bhíodh (agus atá go deimhin sa lá atá inniu ann chomh maith) ag muintir na Gaeltachta a bheith ag aithris ar thréithe canúintí eile sa chlaoninsint dóibh nuair is i mbun athfhríotal ar chainteoirí ó áiteanna eile a bheidís:

¹ .i., ‘intinn’

dh in the ending of the preterite passive = G. [...] This rule is universal except occasionally in songs imported from other dialect territories. *Leagadh in cladh uirthe* laguv ə kl̪i̪ ɛrhə: my Father reporting a Kerry conversation, (Henebry, 1898: 60).

Is léir gur comhrá ó dheisceart Chiarraí seachas ó Chill Maoilchéadair a bhí i gceist agus an ‘dh’ i bhfoirm an tsaorbhriathair ‘leagadh’ a bheith á réadú mar ‘v’. Deineadh ‘-gh’ nó ‘-dh’ san eagrán seo de ‘-g’ i bhfoircinn ainmfhocal a chríochnódh ar ‘-h’ sa chaighdeán, agus deineadh ‘-dh’ de ‘-g’ i bhfoircinn ainmfhocal a chríochnódh ar ghuta sa chaighdeán mar shampla, ‘leabaidh’ a deineadh de ‘leabaig’. Bhí sé de nós ag SÓD fuaimniú fhoircinn an tsaorbhriathair san aimsir caite, an tríúpersa uathu agus an dara persa iolra san aimsir ghnáthchaite, an tríúpersa uathu den mhodh ordaitheach, agus tríú persa uathu den mhodh coinníollach a chur in iúl mar ‘-ch’, agus deineadh ‘-dh’ de seo tríd síos. Deineadh, mar shampla, ‘bhíodh’ de ‘bhíoch’, ‘féachadh’ de ‘féuchach’, agus ‘gheobhadh’ de ‘gheóch’. Ar an tslí chéanna, cuireadh isteach an ‘-dh’ i bhfoircinn ainmneacha briathartha bhriathra áirithe ón gcéad réimniú nuair a bhíodar seo fágtha amach ag SÓD ar mhaithe leis an bhfuaimniú a chur in iúl. ‘Casadh’, mar shampla, a deineadh de ‘casa’.

Níor cloíodh le dúblú consan i bhfocail nach gceadaítear in FGB, agus dá bhrí sin, is ‘caint’ a deineadh de ‘cainnt’ de bharr gur leor an gcarn consan dúbailte leis an gcineál défhoghar a chloistear in ‘caint’ i ngach canúint sa Ghaeilge a chur in iúl. I nGaeilge Chorca Dhuibhne, ní hann don fhuaimniú srónach a thugtar le fios san ‘n’ dúbailte i bhfocail mar ‘bainne’ sa litriú caighdeánach, agus dá réir sin, is ‘n’ singil atá le fáil i dtras-scríbhinní Sheosaimh Uí Dhálaigh dá leithéid. Ba ghá focail mar seo a chaighdeánú, agus deineadh ‘go maróinn’ de ‘go maróin’, agus ‘éinne’ de ‘éine’, mar shampla.

Tharlódh go mbaineann tréithe neamhrótacha áirithe le Gaeilge Chorca Dhuibhne uaireanta, agus mar sin, is féidir gan ‘r’ a fhuaimniú ar uairibh i bhfocail áirithe – a chomhartha sin sa chinneadh tras-scríofa a dhein Seosamh Ó Dálaigh an ‘r’ a fhágáil ar lár ina leithéid de chás sa tslí is gur ‘bác’ a fhaightear sna lámhscríbhinní seachas ‘bárc’, ‘dé’ seachas ‘dréir’, ‘duid’ seachas ‘druid’ ‘go b’é’

thar ceann ‘gurb é’, ‘ma gheall’ seachas ‘mar gheall’, ‘ná’ seachas ‘nár’, agus ‘tom’ seachas ‘trom’ (nuair is ionann ‘trom’ agus giorrúchán de ‘tabhair dom’), mar shampla. Mar ‘Ceidim’ a scríobhadh Tomás Ó Criomhthain ‘creidim’, agus bhí an fhoirm sin le fáil in *Cnósach Focal ó Bhaile Bhúirne*, agus is rud é seo a chinn Seán Ó Coileáin a leasú in *An tOileánach* (2002: xxxi) ar aon fhocal leis an eagrán seo inar cuireadh an ‘r’ neamhrótach isteach arís.

Cuireadh isteach consain eile a bháitear sa chaint ach ar gnách iad a choimeád de réir an litrithe chaighdeánaigh, mar shampla, an ‘bh’ in ‘diabhal’ a roghnaítear thar ceann fhoirm na lámhscríbhíne - ‘dial’.

Níor cuireadh isteach ar an séimhiú ba mhinic a bheith ag an gCrimhthanach ar an ‘t’ a leanfadh ‘l’, agus sampla den nós sin anseo:

Bhí céad míle **fáilthe** age Seón roimpi, (§261 | CBÉ, 966: 317-318).

Más áit na flaithis ná fuil faic ann ach **ceoltha**, conas a gheobhadh bolg bocht folamh aon spórt ann, (§213 | CBÉ, 979: 157-160).

Gné shuimiúil de chanúint an Chrimhthnaigh is ea an ‘t’ séimhithe seo a bhaineann de réir dealraimh le hIarthuaisceart Chorca Dhuibhne go mór mhór, agus a cheanglaíonn an taobh sin den Mhumhain le hIarthar Luimní agus le Corcaigh araon, más aon iontaibh an fhianaise seo a leanas ó *Lane’s Larger English Irish Dictionary* le T. O’Neill Lane, foclóirí ó Iarthar Luimní, ar an bhforás céanna:

Dirt, *n.*, [...] bualtrach [..2.] also bualtach, f. (bual**th**ach, *W. Lim.*), (O’Neill Lane, 1915: 458).

Fop, *n.*, [...] dailtín (dail**th**ín, *W. Lim.*), (ibid: 632).

Wether, *n.* a castrated ram, [...] moltachán [...] (mol**th**achán *W. Lim. and Cork*), (ibid: 1704).

Shéimhíodh an Crimhthanach ‘t’ ar lorg ‘sh’ chomh maith, agus samplaí dá réir sin arís againn:

Dúirt sé go mb'fhearr gabháilt tharsthu ar fad, (§120 | CBÉ, 979: 37).

Níor thuig an giosthaire é, ach do thuig daoine a bhí ann é, (§230 | CBÉ, 1035: 436-438).

Uaireanta eile, bíonn an 't' féin ag seasamh isteach thar cheann 'h' an tséimhithe – nuair a fhaightear focail dar thús 's' tar éis na bhfocal 'aon' agus 'lán':

Ní fheaca féin aon tsamhlú riamh, baochas lé Dia, (§484 | CBÉ, 936: 404-407).

Is dócha nár tháinig aon tsagart riamh san áit ab fhearr ná é, (§436 | CBÉ, 967: 60-63).

Do dhíol sé an capall, agus do fuair sé a chuid airgid an neomait chéanna. Bhí sé go lántsásta, (§47 | CBÉ, 1035: 267-269).

Thánadar abhaile, agus do mhaireadar go lántsásta as san amach, (§478 | CBÉ, 966: 442-447).

Bhí an 't' próitéiseach seo a raibh feidhm an tséimhithe aige le fáil ar lorg an ainmfhocail bhaininscigh 'bean', fiú amháin:

Do dhein an bhean tsiúil osna dhubhach chráite, (§115 | CBÉ, 1151: 78-87).

Do bhuail bean tsiúil chúichi isteach, agus do bheannaigh sí dhi... seo amach í, agus do chuaigh bean an tsiúil ag luascadh, agus do chuaigh sí 'on gharraí, (§130 | CBÉ, 936: 411-412).

Sa sampla deireanach sin, tá sé le tabhairt faoi deara go bhfuil idir 'bean tsiúil' agus 'bean an tsiúil' le fáil mar fhoirmeacha, rud a chaitheann amhras ar an teoiric gur le 'bean' a bhaineann an t-próitéiseach seo sna samplaí eile ina bhfuil 'an' in easnamh. D'fhéadfaí nach bhfuil i gceist leis na samplaí ar fad atá againn de 'bean tsiúil' san eagrán seo ach an t-alt ginideach a bheith báite sa chaint sa tslí is gur 'bean [an] tsiúil' is ea é le ceart. Tá sé mar thaca breise leis an argóint sin ná go bhfuil samplaí le fáil chomh maith agus gan aon 't' próistéiseach a bheith iontu:

Ghaibh bean siúil go dtí tig feirmeora fadó lé luí na hoíche, (§93 | CBÉ, 966: 518-521).

Nós eile de chuid an Chriomhthanaigh nár chuir an eagarthóireacht isteach air san eagrán seo ná an leisce ó thaobh 't' a chur roimh 's' i gcás focal baininscneach:

Ba shin é an súil nár síolach agamsa, (§409 | CBÉ, 1093: 37-42).

Do chuala gur pósadh an seana-lánú san aríst, (§254 | CBÉ, 968: 440-441).

Poncaíocht

Teidil na míreanna béaloidis

Ní léir ó na lámhscríbhinní de ghnáth cé acu an é an scéalaí nó an scríobhaí a sholáthraíodh teideal na míreanna seanchais – ‘The Puzzle of the Thirty Counters’ (§274) áfach, ba léir gur Seosamh Ó Dálaigh a chum faoi thionchar an ailt dar teideal céanna le Gerald Murphy in *Béaloideas* (1942). Pé duine a chum iad, cloíodh de ghnáth leis na teidil a bhí le fáil sa lámhscríbhinn a cuireadh sa tráchtas agus cló trom Iodálach orthu ag barr an leathanaigh. Má síleadh gur ghá athrú suntasach a dhéanamh ar theidil mhíreanna áirithe, tugadh a leithéid le fios leis an bhfo-nóta cuí. Ar líne nua díreach faoi bhun an teidil féin, sa ghnáthchló Rómhánach gan é a bheith trom, a tugadh an dáta ar ar tras-scríobhadh an lámhscríbhinn má b’ann dá leithéid d’eolas sa phríomhfhoins. Uaireanta, thugadh an scríobhaí dáta cruinn ó thaobh an lae, na míosa, agus na bliana. Uaireanta eile, ní bhíodh ann ach ainm na féile ar ar breacadh an t-eolas maille leis an mbliain a bhí i gceist. Uaireanta eile arís, níor tugadh ach an mhí agus an bhliain, agus uaireanta arís eile, níor tugadh aon eolas in aon chor i dtaobh an dáta. Aon easpa den chineál seo, cuirtear in iúl é leis an gcomhartha [?]. Mar shampla, má bhí an lá cruinn in easnamh ar an dáta a tugadh sa lámhscríbhinn, ach an mhí agus an bhliain a bheith ar fáil, is mar seo a tugadh dáta san eagrán seo: ‘[?].3.42’.

Faoina bhun sin arís is ea a tugadh an tagairt chruinn d’ionad na míre de réir chatalóg Chnuasach Bhéaloideas Éireann. D’iarr teimpléad tras-scríofa an Choimisiúin ar na bailitheoirí na míreanna béaloidis a bhíodh le bailiú acu a rangú de réir seánraí éagsúla, agus bailitheoir i mbun a chúraim ab ea Seosamh Ó Dálaigh a rangáigh na míreanna a bhailigh sé ón gCrimhthanach de réir lipéad mar ‘scéal’, ‘scéilín’, ‘amhrán’, ‘filíocht’, ‘eachtra’, ‘rabhcán’, ‘méid’, agus ‘seanchas’. Fágadh eolas den chineál seo ar lár san eagrán seo a mbaineann a chóras grúpála féin leis, agus mínítear an córas sin sa chéad chaibideal den dara himleabhar den tráchtas seo. Iarradh leis ar bhailitheoirí an

Choimisiúin ainm agus sonraí an té óna bhfuair faisnéisí ar leith an mhír a bheadh á bailiú, ach i gcás Sheáin Mhic Criomhthain, is é athair an té a luadh formhór mór an ama, ‘i measc na ndaoine’ uaireanta eile, agus gan aon eolas in aon chor uaireanta eile arís. Sa chás annamh go luaitear faisnéisí eile ar fad seachas ‘a athair’ nó ‘i measc na ndaoine’, tugtar a leithéid le fios i bhfo-nóta.

Clófhoireann

Is léir cheana ón méid thuas gur mó athrú a bhí le déanamh maidir le leagan amach na mbuntéacsanna. Ar an gcéad dul síos, is sa seanchló Gaelach a tras-scríobhadh seanchas Sheáin Mhic Criomhthain an chéad lá, agus ba ghá an méid seo a thras-scríobh go cló Rómhánach ár linne. Deineadh 'agus' den ghiorrúchán '7' atá cómónta sa chló-Ghaelach. Bhí sé de nós ag SÓD pé focail Bhéarla a bhíodh in úsáid go nádúrtha ag an gcainteoir a thras-scríobh sa script reatha Rómhánach agus líne fúthu, ach is é cur chuige simplí an tráchtais seo ná na focail a chur sa chló Iodálach. Maidir le hábhar Béarla a sholáthraíodh an seanchaí, tugadh an litriú chun réitigh le caighdeán litrithe an Bhéarla nuair is cúrsaí foghraíochta ba chúis leis an litriú a tugadh sa lámhscríbhinn, agus pé athrú a dhéantar ar an mBéarla, tugadh le fios i bhfo-nóta é. Níor cuireadh an cló Iodálach ar ainmfhocail dhílse an Bhéarla mar ‘Post Office’ agus ‘Waterford’, ná níor cuireadh cló Iodálach ar abairtí iomlána Béarla. Na focail ar ar cuireadh cló Iodálach, bailíodh iad sin le chéile, agus iad anois sa liosta ‘Focail agus Frásaí Béarla trí Ghaeilge Sheáin Mhic Criomhthain’. Nuair b’ann do leagan aitheanta d’fhocal iasachta ón mBéarla, ach foirm an Bhéarla tugtha sa lámhscríbhinn, baineadh feidhm as an bhfoirm Ghaelaithe de rogha ar fhoirm na lámhscríbhinne, .i., sign-áltha > saighneáltha. B’ann do roinnt leaganacha Gaelaithe d’fhocail Bhéarla sa lámhscríbhinn mar sin féin, ‘delicáltha’ agus ‘prooveáil’, srl., agus fo-líne ag an scríobhaí faoin gcuid den fhocal gur déantús ón mBéarla a bhí ann. Is é an cur chuige a bhain lena leithéidí d’fhoirmeacha ná gur cuireadh an cló Iodálach ar chuid an Bhéarla amháiní an chuid den fhocal gur Béarla a bhí ann amháin a cuireadh sa chló Iodálach. Na foirmeacha féin, tá siad le fáil sa ghluais ‘Foirmeacha Gaelaithe d’fhocail agus d’fhréasaí ón mBéarla’. Sampla thar a bheith

léiritheach a bhfuil focail ann ó thrí cinn de na gluaiseanna is ea an t-athfhriotal seo a leanas ó §186 | CBÉ, 968: 538-542: ‘Tháinig dhá **Bhibleader** thiar go Ceann Trá an aimsir a bhí na **súpanna** i **style**’. Bíonn an cló Iodálach le fáil uaireanta ar abairtí iomlána Gaeilge d’fhonn idirdhealú a dhéanamh idir cainteoirí éagsúla i míreanna áirithe.

Spású, fleiscíní, agus camóga

Dealaíodh na focail óna chéile ar nós mar a dhéantar i gcaighdeán an lae inniu. Faightear ‘minchoirce’, mar shampla, in §414 | CBÉ, 1070: 153-184, ach is mar dhá fhocal ar leith, ‘min choirce’ a gheofar anseo é. Bhíodh giorrúcháin ar leith in úsáid ag SÓD a thugadh léiriú beacht ar an bhfoghraíocht a bhí ag an gCrimhtanach d’fhocail agus d’fhrásaí áirithe. Glacadh leis an gcuid ba shuimiúla acu seo, iad á gcur ar fáil in ‘Focail agus frásaí Gaeilge agus leaganacha d’fhocail agus d’fhrásaí Gaeilge nach bhfuil in FGB nó a mbaintear ciall neamhghnách astu’. Níor glacadh mar sin féin le leaganacha mar 'sé'n', 'ars-é-sin' agus 'duin-uasal' a bhíodh in úsáid go rialta ag SÓD, ach cloíodh le 'is é an', 'arsa é sin', agus 'duine uasal' thar a gceann, mar shampla, san eagrán seo.

Tugadh úsáid an fhleiscín chun réitigh le gnás an lae inniu. Uaireanta, ba ghá an fleiscín a ionadú le camóg ar lorg an leagain choimrithe den aidiacht sealbhach coimrithe, mar shampla, 'm'athair' a dhéanamh de 'm-athair'. Baineadh amach an fleiscín idir 'h' agus forainm, ainmfhocal nó aidiacht dar thús guta, sa tslí gur deineadh 'cé hí' de 'cé h-í', mar shampla. Taobhaíodh leis an bhfleiscín seachas an t-idirstad chun comhrá díreach sa scéal a chur in iúl, agus cuireadh tús le líne nua sa téacs aon uair go n-athraíodh an comhrá ó chainteoir go cainteoir, rud nach raibh amhlaidh i gcónaí sa bhuntéacs.

Bearnaí agus doiléire

Cuireadh 'h' i ndiaidh na gconsan a raibh an buailtín os a gcionn le séimhiú a chur in iúl, agus san áit inar measadh go raibh easnamh ó thaobh an bhuailtín de agus sciarradh pinn faoi deara é,

cuireadh ‘h’ isteach tar éis an chonsain a bhí i gceist, agus lúibíní cearnógacha timpeall air dála Shéamuis Uí Dhuilearga a shíl ‘go raibh gá leis an litir bháite a chur ar ais idir lúibíní ar uaire ar mhaithe leis an léitheoir’ (Ó hÓgáin, D., in Ó Duilearga, 1981: 335). Bhí botúin le fáil ó am go chéile sna lámhscríbhinní – bhí samplaí den alt dúbailte sa téacs, cuirim i gcas, gan aon tuairim ag an bhfear eagair arbh é an seanchaí ná an scríobhaí ba chúis lena leithéid. Leasaíodh botúin mar seo beag beann orthu beirt, agus cuireadh isteach comharthaí athfhriotail, comharthaí ceiste, camóga, lánstadanna, srl., nuair a measadh go ndéanfadh a leithéid leas an téacs. B'iomaí sin trácht breise ó SÓD i gcorp an scéil, idir lúibíní cearnógacha agus os cionn frásaí áirithe, i dtaobh focail nó logainm, mar shampla, ach socraíodh gurbh fhearr a leithéid a chur i bhfo-nótaí ag bun an leathanaigh toisc gur measadh go gcuirfeadh a leithéid leis an téacs. I gcásanna go raibh botúin, bearnaí, easnaimh agus doiléire pheannaireachta srl. ag baint de chiall na lámhscríbhinne, deineadh gach iarracht a leithéid a leasú chomh maith, agus an leasú idir lúibíní cearnógacha an uair sin.

Comhréir agus intriachtaí

Easnaimh

Níor réitíodh aon ‘easnamh’ dá mba rud é go gcuirfeadh pé réiteach a bheadh i gceist isteach ar chomhréir an tseanchaí áfach, agus níor mhiste plé gairid a dhéanamh ar chúrsaí comhréire ag an bpointe seo. Níor thógtha ar an eagarthóir a rialódh gurb é an frása briathartha ‘ag dul’ atá in easnamh ar an abairt seo a leanas, mar shampla:

Bhí fear ar an mbaile go raibh ábhairín beag **páidh do**, (§413 | CBÉ, 968: 217-218).

Ag iascach a chuaigh sé ann. Bhíodh **pá dhóibh**, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Ní bhíodh puinn **páidh dóibh** ann, (§317 | CBÉ, 981: 545-550).

Dhá thistiún is ló a **bhíodh dóibh**, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Is léir ón raidhse seo samplaí den struchtúr ‘pá a bheith do dhuine’ gur leagan cainte é seo a bhí aige. Pléitear níos mine le cas na réamhfocal ar ball, ach i gcás na réamhfocal a chuirfeadh suíomh in iúl, mar shampla, is amhlaidh a bhádh an Criomhthanach ar fad iad. Ba dhóigh le duine, cuirim i

gcás, gur ‘ar’, ‘chuig’, nó ‘chun’ atá ar iarraidh sna habairtí seo a leanas ina bhfuil an focal ‘bóthar’ le fáil faoi chló lom an tuisil ainmnigh:

Do greamaíodh é, agus do scuabadh an bóthar é, agus do tugadh chuig siúil, (§55 | CBÉ, 968: 355-357).

“A leithéid seo a sheol an bóthar mé”, arsa é sin, “féachaint an ndíolfá gabhar”, (§186 | CBÉ, 968: 538-542).

Tháinig teachtaire isteach a dúirt léi go raibh a cuid stoic bailithe an bóthar, (§412 | CBÉ, 968: 217-218).

D’imigh sé air, an bóthar, (§8 | CBÉ, 968: 287-290).

‘Ann’ atá in easnamh i ndeireadh na dara habairte anseo:

Thug sé timpeall lé uair a chloig timpeall ar bheithígh, agus ar a theacht aríst, bhí [an bhreasaíl] lé feiscint. Bhí tine agus garraithe, (§95 | CBÉ, 966: 534-535).

D’fhéadfaí a rá gur ‘air’ atá in easnamh ar an abairt seo, ar lorg an fhocail ‘Braithdeán’:

Tá fear ar an mBóthar Buí thuaidh in aice leis an sáipéal go dtugann siad an Braithdeán, agus bhíodh sé ag bothántaíocht i dtaobh éigin, (§141 | CBÉ, 979: 155).

Is é ‘ná’ an chónaisc rófhoclaigh, más ceadaithe téarmaíocht FGB a úsáid, atá in easnamh ar na samplaí seo a leanas:

Is é an áit a thug an giorria aghaidh ar Chathair Deargáin, (§33 | CBÉ, 966: 431-432).

Is é an áit a shocraigh sé é féin amuigh, (§189 | CBÉ, 977: 332-333).

Is é an áit a cailleadh é ina dhia’ san i *bpoorhouse* Lios Cearnaigh, (§328 | CBÉ, 968: 194-195).

Bhailigh Alan Ward sampla den fheiniméan deireanach céanna ó Phádraig Ó Drisceoil Oileán Cléire sa bhliain 1973 in aois a cheithre bliana fichead dó (1974: 9): ‘is é an pá atá uaim mo dhóthain le n-ithe’ (ibid: 106). Bhí sampla eile arís le fáil aige ón obair a bhí déanta ag Wagner ar chanúint Chill Bheathach Chontae an Chláir agus a foilsíodh sa bhliain 1964 (ibid: 9): ‘is é an ainm athá ar an áit ó

shoin Aill na gCreach’ (Wagner, 1964: 275-284). Bheadh na samplaí seo ar fad ag teacht salach ar an sampla a tugadh in FGB den chónasc rófhoclach áfach, .i., ‘is é ainm a bhí air ná Séadna’. Sampla é sin a tógadh go díreach ó *Studies in Modern Irish* le Gerald O’Nolan a dúirt, i gcoimhlint le fianaise Ward, go raibh ‘ná’ mar mhír in abairtí den chineál seo an-chómónta i gCúige Mumhan (O’Nolan, 1919: 20), agus gur sampla é úsáid an chónaisc rófhoclaigh d’éilliú gramadúil a bheith ag tabhairt dhá struchtúr éagsúla le chéile:

The sentence: – *sé rud is fearr dhuit a dhéanamh ná dul a chodladh duit féin*, is a blending of –
(a). *sé rud is fearra dhuit a dhéanamh – dul a chodladh* and (b). *níor bhfearra dhuit rud a dhéanfá NÁ dul a chodladh*, (ibid: 200).

Dhein David Webb athfhriotal ar an méid thuas ó shaothar O’Nolan agus léiriú á thabhairt aige sin ar an éilliú gramadúil sa Ghaeilge. Dúirt sé thar a cheann sin go raibh rian an éillithe chomhréire le haithint ar an abairt seo a leanas: ‘Ní’l aoinne is fearr go bhfuil a fhios san aige ‘ná aige féin’. B’fhearr, arsa é sin, ‘to end the sentence with *é féin*, but we can read the sentence... as a form of contamination between similar sentence types’ (2016: 311). Is féidir a rá nár bhain an t-éilliú comhréire céanna le caint an Chriomhthanaigh chomh fada agus a bhain sé leis an gcomhthéacs thuasluaite, agus cloíodh le gnás an tseanchaí sa chás seo. Bhainfeadh sé de phearsantacht an téacs dá gcuirfí focail mar seo isteach arís sna sleachta seo nuair a bhí sé de nós ag an seanchaí iad a fhágaint amach. Don leith eile, tá mórán samplaí san eagrán seo d’úsáid rófhoclach a bheith á baint ag an gCrimhthanach as an gcónasc ‘ná’ i gcomhthéacs eile, .i., i dtaca le ‘go’ srl. mar mhír roimh bhriathra faoi mar is féidir a thabhairt faoi deara sa mhéid seo a leanas:

Is é a bhí tuillte aige, mar ná fuil éinne ar an saol ná go bhfuil saghas éigin scéal aige,
(§76 | CBÉ, 965: 53-56).

Níl aon bhaol ná go mbeadh clann agaibh, (§111 | CBÉ, 966: 137-140).

An dóigh leat ná gur misniúil é? (§214 | CBÉ, 936: 566-569).

An dóigh leat ná gur chaith sé aimsir leis? (§400 | CBÉ, 968: 212-216).

Intriachtaí

Ceisteanna reitriciúla ab ea an dá shampla dheireanacha, agus ní mór a aithint gur bhain a leithéid go dlúth le stíl urlabhra an Chriomhthanaigh. Is minic clabhsúr á chur le mír seanchais aige leis na focail ‘ciacu iontas ba mhó?’ agus ‘cé acu ab fhearr?’, mar shampla. Gné shuntasach eile de chanúint aon duine is ea na cineálacha intriachtaí go mbaineadh an Criomhthanach leas astu faoi mar a bheifí ag súil leis i gcás seanchaí anamúil dá shórt – leithéidí ‘Á’, ‘Ahá’ ‘deá’, ‘Dí na Dé’, ‘deaghdeo’, ‘deaildí’, ‘deannsupé’, ‘dhé’, ‘dhera’ ‘dídádum’, ‘É’, ‘há’, ‘hó’, ‘hóis’, ‘hóró’, ‘hup’, ‘huth’ ‘Ó’, ‘ral-dal-dé’, ‘dal-dal’, ‘di-dal-dal’, ‘óchón’, ‘teabharaileail’, ‘umbochón’, ‘uth’. Cloistear sampla an-deas dá anamúlacht agus ab fhéidir leis a bheith agus intriachtaí in úsáid aige ann i rian a ceathair déag ar an dlúthdhiosca, ‘Cailín Caitliocaí a phós Sasanach’, agus gáire a dhéanamh aige mar gheall ar an mbroimneach a bhí ar siúl ag an diabhal a bhí sa leaba ina chodladh. Is intriachtaí onamataipéacha iad seo ar fad a mbraitheann a míniú ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear iad maille le caolchúis samhlaíochta an éisteora. Fáiltíodh roimh a leithéid san eagrán seo ach athruithe neafaiseacha litrithe a bheith curtha i bhfeidhm orthu de réir an chórais ortagrafaíochta atá mínithe sa chaibideal seo. Baineadh úsáid an intriachta leis as ‘ach’ agus tús á chur ag an gCriomhthanach le habairt, mar shampla:

Ach chuaigh sé a chodladh, agus do shín sé sa leabaidh, (§479 | CBÉ, 966: 442-447).

Tá tagartha go nuige seo againn do chomhréir, do dhobhriathra, d’fhoghraíocht agus d’intriachtaí, mar sin. Pléifear anois sa dara cuid den mhodh eagarthóireachta le canúint phearsanta Sheáin Mhic Criomhthain ó thaobh na mór-rann cainte, rannóg ar rannóg, i dtreo léargas a thabhairt ar an méid is féidir a fhoghlaim mar le canúint Ghaeilge Chorca Dhuibhne ó na téacsanna béaloidis seo atá ón gCriomhthanach againn. Ní cur síos cuimsitheach ar chanúint an scéalaí ná ar chanúint na dúthaí atá i gceist anseo, áfach. Is é atá sna nótaí seo a leanas mar sin ná plé córasach ar na gnéithe is suaithinsí de chaint Sheáin Mhic Criomhthain a tháinig faoi mo bhráid agus a stór seanchais á

léamh agam, agus ar an tionchar a d’imir gnéithe mar iad ar an tslí inar thugas faoin stór seo a chur in eagar.

An t-ainmfhocal

Díshamhlú

Thug Diarmuid Ó Sé fianaise dheimhnitheach gur bhain proiséas an díshamhlaithe le córas na n-ainmfhocal i nGaeilge Chorca Dhuibhne, agus an méid seo de mhíniú aige ar an díshamhlú féin mar fheiniméan teangeolaíoch:

“Is minic nach séimhítear consain liopacha i ndiaidh **m^s** ... féach “beidh pian im muineál”... is féidir **m m’** lom i dtús focail a dhíshamhlú go **b b’** i ndiaidh **m^s** (Ó Sé, 2000: 171).

Bhí tionchar an díshamhlaithe le haithint ar roinnt ainmfhocal dar thús consan liopach i gcanúint an Chriomhthanaigh:

Nuair is dóigh lém **bmuintir** go mbímse ar mo leabaidh, ar do thuama a bhímse ó oíche go maidean, (§331 | CBÉ, 967: 169-170).

Téir go dtím **bmáistir**, is bé go ndíolfadh sé í, (§302 | CBÉ, 966: 418-422).

Beidh daor-*phunch* eadrainn, lé tabhairt dom **mbuíonsa**, (§427 | CBÉ, 968: 38-41).

Ag ceannach lárach dom **bmíle** stór, (§432 | CBÉ, 968: 190-193).

“Is mór an náire dhuit,”“ arsa an buachaill, “ná ligfeadh dom an bhó san a dhíol dom **bmáistir**”, (§239 | CBÉ, 968: 492-494).

Cé go bhfuil na samplaí seo den díshamhlú ar na gnéithe is suimiúla de ghnáis chainte Sheáin Mhic Criomhthain, socraíodh d’fhonn gan preab a bhaint as an bhfoghlaiméir a léifeadh an t-eagrán seo gan ach an díshéimhiú a bhain leis mar phroiséas a cheadú agus na míreanna seanchais thíos á gcur in eagar. Féachadh mar sin féin le fo-nótaí a sholáthar aon áit ina raibh samplaí de ‘m’ a bheith ag athrú go ‘b’ mar chuid den díshamhlú.

Inscne

Más rócheartaitheach é an polasaí thuas uaim, thagadh an galar rócheartaitheach céanna ar an Dálach mar scríobhaí ó am go chéile. Cuirim i gcás an abairt ‘cé acu súil go gcíonn tú mé leis?’ (§151 | CBÉ, 965: 560-562). Cheadaigh SÓD an méid sin mar abairt, ach mheabhraigh sé san am céanna gurbh fhocal baininscneach é an réamhtheachtaí 'súil', agus gurbh é 'léi' an fhoirm cheart scríofa dá réir sin¹. Glacadh san eagrán seo le hinscní na n-ainmfhocal faoi mar a bhíodar le fáil i gcaint an Chriomhthanaigh mar sin fein. Focal firinscneach is ea 'sonuachar', mar shampla, ach chaitheadh an Criomhthanach leis mar fhocal baininscneach nuair ba bhean a bhí faoi chaibideal aige. Tagann an nós seo de chuid an Chriomhthanaigh leis an bhfeiniméan ar a bhfuil an míniú seoa leanas le fáil in GCD: ‘tugtar tús áite don inscne nádúrtha nuair a thagraítear do dhaoine’ (Ó Sé, 2000: 86, 87). Firinscneach mar shampla atá an t-ainmfhocal ‘aingeal’ in FGB, agus cé gur ar éigean a d’fhéadfaí a rá go raibh sé ina fhocal baininscneach ag Seán Mac Criomhthain, is é an séimhiú a leanadh é ina chuid cainte ar uairibh chomh maith le tríú pearsa an fhorainm réamhfhoclaigh bhaininscnigh a bheith in úsáid aige agus é ag tagairt don aingeal:

Is dócha gurb é a aingeal choinleachta an peidhleacán. Tá trí áit ná leanann an t-aingeal coinleachta an duine: “Tig an óil, tig an cheoil, agus tig na himeartha”. Bhí ceann eile acu thuaidh i gCill Chuáin ag déanamh leighis. Bhí m’athair ina leanbh an uair sin, agus bhí an triuch air, agus bhí sé an-olc léithi, agus ní raibh aon tsúil age éinne go mairfeadh sé, ach ar deireadh, agus gan puinn súil leis, do chuaigh a athair ó thuaidh chúichi, (§15 | CBÉ, 936: 431-433).

Tá an chuma ar an scéal, mar shampla, gur bhaininscneach ag an gCriomhthanach na hainmfhocail ‘comhairí’, ‘clog’, ‘criú’, ‘crú’, ‘earra’ (c.f. *Réilthíní Óir*, 1922i), ‘feircín’, ‘frog’ agus ‘paróiste’. Bhí sé suaithinseach go leor go mbeadh ‘frog’ baininscneach aige, agus tharlódh sé gur ainmhi é sin go raibh cur amach neamhghnách aige air ó thaobh bhéaloideas na hÉireann de:

¹ Féach, mar chomparáid, an cruinneas is léir a bheith ag baint le tuiscint Thomáis Uí Chriomhthain ar an teanga ó abairt ar ar dhírigh Seán Ó Coileáin mar shampla dá ‘chruinne a bhí sé, geall le bheith róchruinn, nách mór’. Ag tagairt do sheisear ógbhan a tháinig air sa phortach a bhí Tomás Ó Criomhthain sa mhéid seo a leanas: ‘pé duine go raibh mo shúile air san am san, níorbh ar éinne don seisear é’. ‘[Ba] léir dúinn ar deireadh,’ arsa Ó Coileáin, ‘gur le *duine* na gramadaí a théann an aidiacht shealbhach i ngach cás agus nách leis an gciall mar ba dhóigh le duine ar an gcéad fhéachaint’, (Ó Coileáin, 2002: xxv).

Bhí frog thíos fén leac, an **fhrog** ba mhó a chonaic éinne riamh, (§32 | CBÉ, 966: 51).

Bhí an mada rua agus **an fhrog**, chuireadar geall síos ciacu ab fhearr siúl, (§37 | CBÉ, 966: 28-30).

Tá seans gur faoi anáil focal eile dar thús ‘f’ agus dar chríoch ‘g’ dála ‘fuinneog’ mar shampla a fuair an focal ‘frog’ inscne baineann a bheith aige. Bhíodh an focal ‘gnó’ baininscneach aige chomh maith:

Cad é an **ghnó** atha age éinne in aon áit gan rince? (§388 | CBÉ, 968: 183-187).

Agus ‘gnótha’ mar fhoirm ghinideach ar leith aige dó:

“Sin í lámh na **gnótha**,” arsa í sin, “sin í lámh na gnótha”, (§202 | CBÉ, 1035: 8–9).

Bhíodh ‘bairlín’ firinscneach aige, agus bhíodh ‘pian’ firinscneach aige:

Ní raibh sé leathshlí anuas nuair a tháinig an **pian** sa chnapán, (§381 | CBÉ, 977: 245-246).

Más aon iontaobh an tras-scríobh, bhí an dá inscne ag an bhfocal laistigh d’aon abairt amháin in áit eile, agus fágadh mar sin iad:

D’fhan an **phian** air ag teacht abhaile, agus bhí an **pian** air ag dul a chodladh an oíche sin agus ar maidin a bhris an cnapán, (§299 | CBÉ, 1035: 126-130).

Agus rud a bhaineann leis an gcanúint fós, bhíodh ‘mí’ firinscneach aige:

Agus i gcionn an **mhí**, bhí a chroí comh maith is a bhí sé riamh, (§175 | CBÉ, 979: 24-26).

Infhilleadh

An uimhir iolra

Glacadh le foircinn iolra an tseanchaí de ghnáth, agus cuireadh fo-nótaí eagarthóireachta le foirmeacha a raibh míniú orthu ag teastáil. Bhíodh ‘vótanna’ sa lámhscríbhinn thar ceann ‘vótaí’, agus ceadaíodh an t-iolra malartach sin, ach sampla d’fhoirm ón lámhscríbhinn nár glacadh leis is ea ‘préacha’ a leasaíodh go ‘préamhacha’ de bharr gur measadh nach raibh ann ach an ‘mh’ láir a bheith báite sa chaint agus nach foirm ar leith a bhí inti.

Tá roinnt ainmfhocal Gaeilge gurb é iolra an Bhéarla a bhíodh ag Seán Mac Criomhthain dóibh, mar shampla ‘pílears’, agus tá roinnt ainmfhocal Béarla gurb é iolra na Gaeilge a bhíodh aige dóibh, mar shampla, ‘*matcheanna*’. Meascadh foircinn iolra ón dá theanga le chéile i gcás suaithinseach an ainmfhocail ‘*taxesaí*’:

Chuaigh sé go Sasana chun *taxesaí* a phlé gan moill, (§390 | CBÉ, 1035: 320-322).

Maidir le foircinn an iolra i dtuisil eile, is é a deir Ó Sé ná gurb ‘ionann an ginideach iolra agus an bhunfhoirm [iolra] de ghnáth’ (2000: 136), agus tá fianaise againn ó Sheán Mac Criomhthain sa mhéid seo a leanas:

“A dhriofúr uasal,” arsa é sin, “na *gcuacha geala*, fan go fóill, agus suigh im aice”, (§452 | CBÉ, 967: 227-233).

Tá cuid mhaith *bhacaigh* timpeall air i gcomhair na hoíche, (§252 | CBÉ, 967: 15-21).

D’fhéadfaí, leis, a áiteamh gur seachaint an tuisil ghinidigh atá i gceist lena leithéid dar le Ó Sé a dhearbhaíonn gur ‘féidir an bhunfhoirm a úsáid thar ceann an ghinidigh gan aon chúis comhréire’ (Ó Sé, 2000: 135).

Na tuisil

Glacadh san eagrán seo le hathruithe tosaigh agus le foircinn na n-ainmfhocal faoi mar atá siad sna bunlámhscríbhinní, agus ba spéisiúil iad go minic. Cuirim i gcás, mar shampla, an t-infhilleadh

ginideach a dheineadh Seán Mac Criomhthain ar ‘garsún’, is é sin, gan é a chaolú, agus guta deiridh eipintéiseach a bhualadh anuas air, faoi anáil, b’fhéidir, an infhillte a dhéantar ar ainmfhocail ‘buachail’:

Do thug sé leis isteach abhaile aríst é, lé comhairle an **gharsúna**, (§74 | CBÉ, 968: 1-3).

Is é an áit a fuarthas an eas thuas i dtreabhsar an **bhuachalla**, (§22 | CBÉ, 982: 272-273).

Faoi anáil infhillte den chineál céanna is ea a ghéilleadh ainmfhocail Bhéarla do ghramadach Ghaeilge Chorca Dhuibhne, faoi mar is féidir a dhéanamh amach i gcás ‘*watch*’ agus ‘*bitch*’ a d’infhilltí mar a bheadh ainmfhocail bhaininsneacha ón dara díochlaonadh:

Chífá an slabhra **watche** ag *shineáil* leis an ngealaigh, (§65 | CBÉ, 968: 159-160).

Tháinig an diabhal **bitche** sin gan aon bhlúire tobac, agus mé gan aon ghal ó mhaidean, (§485 | CBÉ, 967: 25-28).

Ainmfhocail fhirinsneacha ón gceathrú díochlaonadh a chríochnaíonn ar ghuta san ainmneach uathu, fágтар gan infhilleadh iad sin sa chaighdeán oifigiúil - cuirim i gcás gurb é 'g(h)eata' an fhoirm ghinideach chaighdeánach do 'geata'. Bheifí ag súil le 'g(h)eataidh' i nGaeilge Chorca Dhuibhne áfach, agus is amhlaidh a fhaighimid ó bhéal an scéalaí é san eagrán seo. Má bhíodh sé de dhifear idir an caighdeán oifigiúil agus caint an Chriomhthanaigh ná go bhfágann an caighdeán oifigiúil focail fhirinsneacha ón gceathrú díochlaonadh gan infhilleadh, ba mhinic eile don Chriomhthanach a bheith ag fágaint focal gan a n-infhilleadh. Ní hannamh, mar shampla, go mbíodh foirm an tuisil ainmnigh in úsáid ag Seán Mac Criomhthain thar ceann foirm ghinideach an ainmfhocail, mar chuid de chlaonadh annamh i dtreo a bheith ag seachaint an tuisil ghinidigh:

An iníon chríonna atá agam, ní thagann aon duine ar a tuairisc, agus tá scata ag teacht ar thuairisc **an bheirt óg**, (§479 | CBÉ, 967: 89-94).

Dúirt fear **an bhean mhallaithe** ná raibh aon bhean acu ab fhearr ná a bhean fhéin, (§262 | CBÉ, 968: 208-210).

Dearbhaítear in GCD, mar shampla, gur ‘féidir an bhunfhoirm a úsáid thar ceann an ghinidigh gan aon chúis comhréire’ (Ó Sé, 2000: 135). Maidir lena leithéid agus ‘allthacht’ a bheith in úsáid ag an gCrimhthanach thar ceann ‘allthachta’, agus ‘an bhreiteacht’ seachas ‘na breiteachta’, is fiú, leis, comparáid a dhéanamh leis an bhforás a luann Ruairí Ó hUiginn i dtaca le Gaeilge Chonnacht ‘[nach] gnách anois infhilleadh an ghinidigh a dhul ar ainmfhocail iolsiollacha dar críoch -cht (m.sh. *Gaeltacht*)’, (Ó hUiginn, 1994: 565). Tá an galar céanna ar struchtúir ina mbeifí ag súil le foirm an ghinidigh iolra i gcaint an Chrimhthanaigh:

“Pictiúirithe breátha beannaithe,” agus “iallacha **bróga**,” a deireadh sé, agus gadé *glam* a bhíodh aige ag imeacht ó thig go tig, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Théadh sé go Cnoc Chathair Scoilbín, agus thugadh sé beart **scuaba** leis, (§294 | CBÉ, 977: 419-422).

Is é an lagiolra ceart ginideach atá ag an gCrimhthanach sa sampla seo a leanas d’ainmfhocal firinsneach ar lorg an ainm bhriathartha:

Do chuaigh triúr fear **ag iascach dheargán** fadó oíche, (§275 | CBÉ, 968: 161-162).

Tá an nós traidisiúnta ó thaobh ainmfhocail ar lorg an ainm bhriathartha a shéimhiú le tabhairt faoi deara sa sampla deireanach sin, agus tá mórán samplaí dá leithéid le fáil i gcorpas an Chrimhthanaigh:

Bhí sé **ag imirt cheaintíní** air istigh sa scioból, (§307 | CBÉ, 967: 499-503).

Bhí sé fhéin is beirt eile **ag baint phéacáin** do phrátaí, is á gcaitheamh amach ’on bhuaile, (§415 | CBÉ, 968: 181-182).

Is léir ón gcéad sampla eile gur thuig an Crimhthanach go mbeadh an tuiséal ginideach i gceist, ach spéisiúil go leor, is é an tuiséal ginideach uatha (‘molta’) a thug sé thar ceann an tréaniolra ghinidigh (‘moltaí’):

“Mar sin,” arsa an garsún, “ní ritheann sí le fonn trí olann ramhar na **molta**”, (§321 | CBÉ, 1035: 338-339).

Ní mór a rá i bhfianaise an méid thuas gur bhain roinnt guagachta le nós an Chriomhthanaigh ó thaobh na dtuiseal de. Tá sé ina nós cómónta anois sa chanúint, mar shampla, ‘fearaibh’ agus ‘mnáibh’ an tabharthaigh iolra a úsáid thar ceann na bhfoirmeacha ainmneacha traidisiúnta ‘fir’ agus ‘mná’, agus níor taise don Chriomhthanach é:

Do ghoin sí na **fearaibh**, agus níor dh’itheadar greim eile, (§412 | CBÉ, 968: 217-218).

Téire ag féachaint conas atá na **fearaibh** úd ag obair, (§473 | CBÉ, 966: 478-480).

Beidh na **mnáibh** ann fé **gheataibh** arda, (§432 | CBÉ, 968: 190-193).

Tá roinnt foirmeacha tabharthacha a d’fhéadfadh mearthal a chur ar an léitheoir, cuirim i gcás ‘malainn’ mar fhoirm thabharthach den fhocal ‘mala’ mar is féidir a thuiscint ón iontráil faoin gceannfhocal céanna in IED:

mala, *g. id.*, -adh and –ann, *d. id.*, –aidh and –ainn (Dinneen, 1927: 703).

Tá sampla den tuiseal tabharthach traidisiúnta sa sampla deireanach sin chomh maith le foirm thabharthach a bheith in úsáid thar ceann an ainmnigh. Is gnách gurbh í an fhoirm thabharthach ‘crích’ a bhíodh in ionad an ainmnigh aige seachas ‘críoch’:

Caithfimid dul ag soláthar bean a chuirfidh **crích** éigin ar an olainn, (§106 | CBÉ, 1035: 340-344).

“Chuiris **crích** mhaith air,” arsa ár slánaitheoir, (§197 | CBÉ, 968: 379-382).

Infhilleadh an tabharthaigh iolra aige sa sampla seo leanas ina mbeifí ag súil le foirm iolra an tuisil ghinidigh:

“Mise Cian,” arsa é sin, “na **mbeannaibh** óir,” (§137 | CBÉ, 965: 41).

Is deacair a dhéanamh amach an sciorradh pinn an scríobhaí, nó guagacht an tseanchaí faoi deara na samplaí seo a bhfuil an chuma orthu gur iarrachtaí botúnta atá iontu ar thuiscint a léiriú ar thuiseal tabharthach an ainmfhocail fhirinscnigh:

Chuaigh an leanbh i **bhfeabhais**, (§386 | CBÉ, 968: 90-92).

Bhí feircín acu déanta fé **ghabhair** aige, (§303 | CBÉ, 968: 283-284).

Beartaíodh a leithéid a cheadú sa téacs d'fhonn go dtiocfadh an léitheoir ar a thuairim féin ina thaobh. Is sa treo eile a théann an ghuagacht a bhaineann leis na samplaí seo a leanas inar léir an fhoirm ainmneach a bheith in úsáid thar cheann an tabharthaigh, agus an bhunfhoirm ainmneach in úsáid aige seachas foirm an tabharthaigh 'Éirinn':

D'fhiarthaigh sé do Quinlan cad as é. Dúirt Quinlan gurb ó **Éire**, (§409 | CBÉ, 1093: 37-42).

Chuaigh buachaill ó **Éire** fadó go Sasana, (§160 | CBÉ, 968: 17-18).

Beidh féasta agat, rince agus ceol, agus céile más méan leat chuig luí léi, in **Éire** a bheith críonna, beir óg, (§447 | CBÉ, 968: 272-275).

Bhí cheithre rí ar **Éire** fadó, (§478 | CBÉ, 966: 442-447).

Bhí an easpa infhillte seo ar an ainmfhocal 'Éire' ag Bab Feirtéar mar chuid den aithris a thug sí ar dhán Thomáis Uí Chríomhthain ina bhfaightear véarsa, mar shampla, atá tras-scríofa mar seo a leanas ag Roibeard Ó Cathasaigh:

Táim mar seo le fada de bhlianta,
ní tobac im bhéal é ná im phíp,
agus tá brúdairí ag gluaiseacht trí **Éire**,
go bhfuil dualgas mór tréan dóibh de shíor, (2010: 97).

Is fianaise annamh iad na samplaí seo ó Sheán Mac Criomhthain agus ó Bhab Feirtéar ar aon lagú a bheith ag teacht ar fhoirm thabharthach infhillte an fhocail 'Éire' a bhfuil a chóras díochlaonta go láidir fós ag mórán gach uile chainteoir Gaeilge i ndúthaigh Dhuibhneach agus thall thairis.

Tá rian an fhoráis phróitéisigh le haithint ar ‘túmas’ mar fhocal a bhíodh in úsáid ag an gCríomhthanach agus a thugtar in FGB mar leagan malartach de ‘ómós’. Is deas mar a thagann an sampla léirithe ‘deoch in ómós gach duine’ a fhaightear in FGB leis an abairt amháin ina ndúirt an Críomhthanach an focal ‘túmas’: ‘do mhairbh an iníon trí cinn do ghéanna gé i dtúmas gach éinne acu’ (§234 | CBÉ, 1035: 157-158). ‘Gan dhá líon i dtómas gach fir’ atá in *Seanchas Ón Oileán Tiar*, mar shampla (Ó Críomhthain, 1956: 13). Is é an míniú a rithfeadh le duine a thabhairt ar an ‘t’ neamhshanasaíoch seo a bheith in ‘túmas’ ná próiséas athlúibínithe mar gheall ar an t-próitéis a chuirfí ar ‘ómós’ sa tuiséal ainmneach cinnte agus a leathnaigh amach go foirm an ainmnigh éiginnte i gcaitheamh an ama. Léiriú eile is ea é seo, gan dabht, ar an tionchar is féidir leis an athlúibíniú a imirt ar shanasaíocht na Gaeilge, agus tá mórán samplaí le fáil san eagrán seo de sheanchas Sheáin Mhic Críomhthain. Le focail áirithe dar thús ‘n’ is cosúil gur taibhsíodh don Chríomhthanach gur ‘n’ na próitéise gramadúla a bhí i gceist, mar shampla, agus bhádh sé an ‘n’ tosaigh dá réir sin nuair a thógfadh an focal ionad an ainmnigh éiginnte. ‘Éanartach’ seachas ‘néanartach’ a bhíodh aige, mar shampla:

Is amhla a bhí a ghoile tanaí, agus do ramhraigh an éanartach é, (§169 | CBÉ, 968: 485).

Cé gur mhíchruinn an tuiscint seo, agus nár mhór ‘éanartach’ a leasú go ‘néanartach’ in eagrán den chineál seo, tá léargas le fáil as míthuiscint Mhic Críomhthain atá le fós le cloisint i gCorca Dhuibhne dar le Tomás Ó Murchú a dhearbhaigh dom gur “‘Ollaig¹ mhaith mhór” a deirtear go minic mar bheannacht um Nollaig (Ó Murchú, 2016). Ar a shon sin agus uile, níor ceadáíodh iarsmaí na próistéise san eagrán seo taobh amuigh de fo-nóta a bheith ag tabhairt le fios go raibh a leithéid sa lámhscríbhinn, taobh amuigh de ‘túmas’ a fhaightear in FGB mar leagan malartach de ‘ómós’.

¹ Tá ‘Ollaig’ ina cheannfhocal san *Illustrated Gaelic Dictionary* mar leagan malartach de ‘Nollaig’ (Dwelly, 1864: 709).

Do bhá an chéad ghuta is minice a thagraíonn an téarma seo ‘athlúibíniú’, seachas an chéad chonsan. Tá bá an chéad ghuta an-chómónta sa chanúint seo inarb í an t-athlúibíniú a dhéantar ar an gcéad ghuta in ‘arán’, an sampla is cáiliúla ar fad de. Sampla suaithinseach eile is ea an láimhséail a dhéantar ar ‘amadán’ mar ainmfhocal. Ó thaobh an Chriomhthanaigh de, is cosúil in áiteanna gur ‘m’ a shamhlaigh sé a bheith mar thúsleitir sa bhfocal:

Ba é seo an capall athá chuinn a bheith ag rith leis an ‘madán ó Éire?’ (§226 | CBÉ, 968: 166-169).

“Cuirse dhíot anois,” arsa é sin, “tá oiread *power* agamsa tú a scaoileadh a ‘mhadáin,” arsa é sin, “is bhí agam tú a cheangal,” (§244 | CBÉ, 967: 22-24).

Is minic sa lá atá inniu ann fós a chloistear “a mhadáin’ ar chuma an tsampla dhéanaigh thuas i gCorca Dhuibhne, agus baineann an aifreís seo le foirmeacha ainmfhoclaacha eile a dhíortar ó ‘amadán’ chomh maith:

“Ní fhéadfainn aon mhadáinín a dh’fháil níos mhó ná mé fhéin,” arsa é sin, (§77 | CBÉ, 967: 201-203).

Is é is minice áfach ná gurb í an úsáid thraidisiúnta a bhaineann sé as an bhfocal:

“Cad é an **t-amadán** a dúirt an chaint úd?” arsa an sagart. (§191 | CBÉ, 968: 80-82)

Ní mór ná gur cailleadh an **t-amadán**, (§162 | CBÉ, 1035: 356-357).

Ainmfhocail dhílse

Catagóir eile ar fad, ó thaobh litrithe agus iompar gramadúil, is ea na hainmfhocail dhílse. Bhíodh giorrúcháin áirithe in úsáid ag an gCrimhthanach do logainmneacha agus d’ainmneacha daoine, agus an nós a bhíodh aige i leith a bhaile fearainn féin á mhíniú aige sa mhéid seo a leanas:

Ní thugann éinne anois air ach “an Chill” mar ar mhaith leo. “Cill Milcéadair” a deir daoine, agus “Cill Micéadair” a deir a thuilleadh, (§405 | CBÉ, 979: 64).

Bhí a leithéid i gceist ó thaobh sloinnte chomh maith – ‘achSíthi’ a bhí le fáil sa lámhscríbhinn seachas ‘Mac Síthigh’, agus ‘Mrorty’ thar ceann ‘Moriarty’, agus leasaíodh a leithéid sa tslí is gur ‘Maonus ‘ac Síthigh’ agus ‘Aimiréal Moriarty’, mar shampla, atá le fáil san eagrán seo. Tugtar ainmneacha dílse dá sórt mar chuid den ghluais ‘Logainmneacha agus leaganacha de logainmneacha nach dtugtar in logainm.ie’. Leasaítear ainmneacha dílse mar sin de réir na ngnás ortagrafach a mhínítear sa mhodh eagarthóireachta seo, ach ní chuirtear isteach orthu ó thaobh deilbhíochta de. Ghéilleadh sloinnte an Bhéarla d’athruithe tosaigh an-mhinic i gcaint an Chriomhthanaigh sa tslí is gur ‘Shullivan’ a fhaightear san abairt seo a leanas: ‘ansan timpeall Uí Shullivan, ní raibh aon tig an uair sin ann i dteora na Cille’ (§110 | CBÉ, 967: 37-40), gur ‘gConnors’ a fhaightear sa cheann seo: ‘Is é an áit a chuaigh Méiní Sheridan isteach go Tig na gConnors,’ (§398 | CBÉ, 981: 537-544), agus ‘hO’Donnells’ a fhaightear anseo: ‘Dheineadar nead eile ansan thall ar chrann sa ghleann thall, agus choill na hO’Donnells é’, (§14 | CBÉ, 1150: 573-579).

Is é iolra an Bhéarla a fuair roinnt sloinnte Gaelacha dála ‘na Gromails’ (§414 | CBÉ, 1070: 153-184). Níor leasc leis an gCrimhthanach sloinne ón mBéarla a infhilleadh sa sampla seo a leanas: ‘Is dóigh liom gur tháinig corp Thomsoin dhon Daingean chun é a chur’ (§354 CBÉ, 936: 385-387). Má dheineann, seachnaíonn sloinnte Gaeilge go minic an fhoirm ghinideach lena mbeifí ag súil de réir an chaighdeáin: ‘I dtig Dhónal Ó Sé a bhíodar, ach d’fhiarthaigh sé do Dhónal Ó Sé cad as gur shíolaigh sé,’ (§353 | CBÉ, 979: 202-203). Níor leasc leis an gCrimhthanach ainm agus sloinne an té sin a infhilleadh de réir rialacha an tuisil ghairmigh áfach: ‘Is ea, a Dhónail Uí Shé,’ arsa é sin, ‘is mór an magadh a dheineabhair domsa’ (§423 | CBÉ, 1035: 315-319). Bhí an séimhiú seilbhe ar lorg an ainmfhocail fhirinscigh le fáil i gcorpas an Chriomhthanaigh, rud a bheadh ag teacht leis an gcaighdeán, ach nár bh amhlaidh i gcás ainmneacha naomh agus déithe. Fágadh Crom Dubh gan séimhiú gan infhilleadh agus an easpa chéanna ar an aidiacht ‘dubh’ a cháiligh é in §207 | CBÉ, 1178: 499-539: ‘Ní cuimhin liomsa aon turas a bheith ann, ach fé mar a bhíonn Domhnach Crom

Dubh i gClochán’. Níor ghnách séimhiú na seilbhe a bheith ar siúl ag an gCrimhthach mar sin féin, faoi mar is léir faoi thrí ón sampla seo a fhaightear in aon abairt amháin as §207 | CBÉ, 1178: 499-539: ‘Turas Caitliona aríst, tá sé i bparóiste Fionn Trá fós, lá Caitliona’. Ba é an córas stairiúil ná gan ainmfhocail dhílse a bheadh faoi réir ag ainmfhocail fhirinsneacha a shéimhiú, ach is cosúil go raibh tradisiún an díséimhithe leata chomh fada le hainmfhocail dhílse ar lorg an ainmfhocail bhaininsnigh dar le fianaise ó §225 | CBÉ, 979: 199-201: ‘Deineann daoine cros Bríde fós le tuí, agus cuireann siad in airde fé chos an chúpla iad’.

An aidiacht agus an dobhriathar

Cé gur mhinice go mór ‘ansan’ á rá mar dhobhriathar aige, bhí fo-shampla de ‘ansin’ agus ‘ansoin’ le clos sna taifeadtaí fuaime a deineadh de chaint an Chrimhthanaigh, agus is gné é seo dá chuid cainte nár mharcáil Seosamh Ó Dálaigh oiread is aon uair amháin sna 558 lámhscríbhinn a bhreac sé ón gCrimhthach:

Do chuaigh sé amach ar an sráid ansin, (§ | VIICBÉ, CT0320).

Bhí sé ag cur tuairisc na háite ansoin, agus fuair sé tuairisc cá raibh an droichead, (§ XIV | CBÉ, M0104).

Rud eile nár marcáladh sna lámhscríbhinní ná ‘soin’ a bheith á rá mar aidiacht thaispeántach, ach is é atá le tabhairt faoi deara sa mhéid seo ón taifeadadh fuaime den scéal ‘Gile Gréine’:

Cad atá ort? arsa iad soin. Ní fhéadfaidh mé dul abhaile go deo anois, arsa mise. Thá an crann bainte agem mháthair. Suigh anso, arsa iad soin, (§ IV | CBÉ, CT0320).

Bhíodh an siar is aniar idir ‘soin’, ‘san’, agus ‘sin’ le fáil sa chanúint go stairiúil, agus a fhianaise sin i rann ó dhán leis an bhfear ‘ba mhó maoin is cáil is cródhacht’ i gCorca Dhuibhne taca na bliana 1641 (Dinneen, 1934: 12), Piaras Feiritéir, ‘Mo thraochadh is mo shaoth rem ló thú’:

Ins an Daingin, níor chaigil an ceol-ghol,
gur ghlac eagla ceannaidhthe an chnósta,
dá n-eagla féin níor bhaol dóibh sin,
ní chaoinid mná sidhe an sórt soin, (ibid, 73).

Bhain a leithéid le canúintí Muimhneacha eile leis, agus deir Brian Ó Cuív dá réir sin linn sa réamhrá a ghabhann le *Párliaement na mBan* gur téacs é sin ina bhfuil léargas le fáil ar an tréimhse idir an Nua-Ghaeilge Mhoch agus canúint Ghaeltachtaí Chorcaí sa lá atá inniu ann (Ó Cuív, 1952: xxx). Díol suntais is ea an téacs céanna ó thaobh an staidéir seo ar chanúint Sheáin Mhic Criomhthain de bharr ‘sin’ a bheith in úsáid mar aidiacht thaispeántach ann:

Do bhrígh go madh miann leis an oiread sin do cheirtchleachta gnáth-uasal na nEirionnach bhfírfhial do chongmháil ar cuimhne go mbeireadh fortacht Dé orrtha. Et níor chúis iongantais cion do bheith aige-sion ar órnáid an léighinn... níorbh fhuláir do féin an t-eólas sin do bheith aige, (Ó Cuív, 1952: 5).

Bhíodh aidiachtaí agus dobhriathra suímh meascaithe suas go minic aige le haidiachtaí agus le dobhriathra gluaiseachta, agus glacadh san eagrán seo lena leithéid dá bhfeicimid sa sampla seo:

D’imigh fear an tí suas i seomra a bhí suas, agus fuair sé maide maith, (§76 | CBÉ, 965: 53-56).

Tá an chuma ar an scéal go raibh na teorannacha idir na ranna éagsúla cainte scaoilte go maith i gcaint an Chriomhthanaigh, go háirithe nuair a chuirfeá i gcás go bhféadfaí feidhm a bhaint as frása timchainteach mar ‘mór an ní is fiú’ a úsáid mar a bheadh aidiacht ann:

Táimid comh “mór an ní is fiú” leatsa, (§239 | CBÉ, 968: 492-494).

Bhíodh sé de nós ag an gCriomhthanach aidiacht a rá faoi dhó in áiteanna chun béim a leagan uirthi:

Bhí Sasanach dubh dubh fadó ann, (§189 | CBÉ, 977: 332-333).

Ní fada a bhí sé ann nuair a líon an tig isteach d'fhearaibh **beaga beaga**, (§470 | CBÉ, 979: 264-266).

Aithníodh aidiachtaí ar leith agus leaganacha ar leith d'aidiachtaí a bhaineann le Gaeilge Chorca Dhuibhne san eagrán seo. Glacadh le '-dha'/'-tha' seachas 'da'/'-ta' an chaighdeáin a bheith i bhfoircinn aidachtaí briathartha áirithe, .i., 'pasáltha', 'óltha', agus 'galldha' srl. Mar 'gallach' a réadaíodh 'galldha' ar uairibh, agus ceadaíodh an fhoirm sin sa ghluais chuí. Mar 'galla' a bhí 'gallda' le fáil sa lamhscríbhinn uaireanta, ach cinneadh gan an fhoirm áirithe sin a cheadú mar aidiacht ar leith, agus gurbh fhearr díreach fo-nóta a bheith ag tabhairt le fios gurbh ann di mar fhoirm. Is minic, mar shampla, foirmeacha aidiachta briathartha an dara réimniú a bheith ag briathra ón gcéad réimniú, agus ag briathra neamhrialta, mar shampla, 'sracaithe', 'tachtaithe', 'tagthaithe', srl. Níor cuireadh isteach ar an 't' táite a fhaightear in aidiachtaí ar nós 'éigint' ná 'aríst' ná in aon rann chainte eile go mbaineann sé seo léi, agus is é an h-próitéis a fhaigheann aidiachtaí dar tús guta a leanfadh an mhír 'comh' a chuireann an chomparáid sa siúl:

Níl iofrann **comh holc** agus tá teist agaibh air, (§204 | CBÉ, 967: 417-418).

Comh hard suas le frathacha an tí, is ea do dh'éiríonn mo chroí lé luacháir, (§453 | CBÉ, 967: 146-149).

Maidir leis an gcomparáid, agus go mórmhór le sárchéim na haidiachta a láimhseáil, díol suntais is ea an sampla seo a leanas ina raibh an t-ainmfhocal éiginnte a fhaightear roimh fhoirm na sárchéime:

Chuadar isteach **i siopa ba mhó** a bhí i dTrá Lí, (§462 | CBÉ, 966: 306-312).

Chuirte 'a' roimh 'ba' lasmuigh de chomhthéacsanna inarbh aidiacht dar thús 'f' nó guta a bhí i gceist uaireanta:

Turas an Bhaile Riabhaigh **a ba** chongaraí dúinne anso, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Séimhiú na haidiachta

Séimhiú a bhíodh ag an gCrimhthanach ar aidiacht a leanfadh ainmfhocal i mórán gach uile shuíomh gramadúil fág as an t-ainmfhocal firinsneach sa tuiseal ainmneach, cé gur lean séimhiú an t-ainmfhocal firinsneach sa tuiseal sin féin sa sampla seo a leanas:

Bhí bolg mór air, agus á, ní **fhear throm**, (§174 | CBÉ, 982: 278-281).

Is samplaí iad seo a leanas d'aidiachtaí a séimhíodh sa tuiseal tabharthach traidisiúnta, de bharr iad a bheith faoi réir ag réamhfhocail, agus níor cuireadh isteach ar an nós seo:

Bhí aithne agamsa air, agus é ina dhuine **chríonna**, (§149 | CBÉ, 977: 232-233).

Cé a bhuailfeadh leis an iníon sa bhaile **mhór** ná an réic, (§X | CBÉ, CT0320).

“Dá mbeinnse id’ phóca-sa mhuisse,” arsa an fear beag, “is mó dlí bheadh id phóca ná “tá id cheann **mhór**”, (§281 | CBÉ, 965: 45).

Chuaigh sé isteach i siopa **mhór** a bhí i Luimneach, (§462 | CBÉ, 966: 306-312).

Bhí an garsúinín ina dhuine **shaibhir**, (CBÉ, 968: 495-499).

Bhí ag bailiú air i gcónaí, ag bailiú air nú go raibh se ina chnapán **mhór**, (§21 | CBÉ, 968: 530-536).

Duine a bheadh i gcothú **mhaith**, (§174 | CBÉ, 982: 278-281).

Bheifí ag súil le séimhiú ar an aidiacht ar lorg ainmfhocail bhaininscigh sa tuiseal ainmneach, ach i gcanúint Chorca Dhuibhne, is é an díshéimhiú a bhíonn ina leithéid de chás nuair a thagann dhá chonsan dhéadailbheolacha i dteagmháil le chéile, nó mar a mar deirtear linn in GCD, ‘is minic nach séimhítear aidiacht dar tús consan déadailbheolach i ndiaidh ainm baininsneach dar críoch déadailbheolach’ (Ó Sé, 2000: 58), agus an sampla ‘súil dearg’ á thabhairt níos faide anonn aige (Ó Sé, 2000: 65). Tá samplaí anseo againn ón gCrimhthanach:

Bhí cos **tinn** agam fhéin, agus bhí gach aon rud tástáltha agam léi, (CBÉ, 982: 344-351).

Is minic nach dtéann aon séimhiú ar an aidiacht ‘deireanach’ sa bhfrása ‘an uair deireanach’ i gcaint na nDuibhneach, an Crimhthanach san áireamh:

Ón uair **deireanach** a ghaibheadh an treo, (§299 | CBÉ, 1035: 126-130).

Séimhíodh aidiacht ar lorg uimhir iolra an ainmfhocail bhaininscnigh in áit amháin:

Mara mbeadh do dheigh-bhean, do dheigh-mhná **mhín mhúinte**, (CBÉ, 121: 519).

Agus séimhíodh aidiacht ar lorg uimhir uatha an ainmfhocail bhaininscnigh i suíomh an ghinidigh in áit amháin eile:

Pairseach **mhine** bhuí a bhíodh ann. N’fheadar an mbíodh pairseach mhin eorna aon tamall ann, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Is nós é seo nach dtagann leis an gcaighdeán oifigiúil gan dabht, ach a bhfuil sampla de in *An tOileánach* mar a bhfaightear ‘Long na hÍle Bhuí’ mar theideal ar scéilín amháin ann (Ó Criomhthain, 2002: 4). Bhí tuairim ag Seán Ó Coileáin go mb’fhéidir gur de bharr ‘ílebhúí’ a bheith ina chomhfhocal faoi deara séimhiú a bheith i gceist sa chomhthéacs áirithe sin, ach bhí géilleadh áirithe leis aige d’áiteamh na haiste a bhfuil fianaise ina teideal fiú amháin gur séimhiú na haidiachta a bheadh i gceist leis an bhforás seo: ‘Sacraimint na hOla Dhéanaighe’¹.

Bhíodh an séimhiú ag an gCriomhthanach ar lorg ainmfhocal firinscneach sa tuiséal ginideach uatha, rud a thiocfadh leis an gcaighdeán chomh maith:

Bhí sé ag imeacht air ar feadh tamaill **mhaith**, (§219 | CBÉ, 966: 293-295).

D’imigh an gadhar, agus bhí sé imithe ar feadh tamaill **mhaith**, (§44 | CBÉ, 966: 560-561).

I gcionn **tamaill mhór** don maidin is ea a bhuail an gadhar chuige isteach, (§8 | CBÉ, 968: 287-290).

¹ c.f. (Ó Cuív, 1943: 310).

Infhilleadh

Is cosúil go raibh an t-infhilleadh féin roghnaitheach i gcás na samplaí seo a leanas ina gcífeair trí cinn acu ina bhfuil an aidiacht le feiscint i suíomh an ainmnigh iolra, agus dhá cheann eile ina bhfuil an aidiacht le feiscint i suíomh an ghinidigh uathu:

Ní raibh aon teora leis na dochtúirí **Francach**, (§183 | CBÉ, 977: 212-214).

Tá sé ráite riamh gur rudaí **mí-ráthúil** “bó bhán, bean bhreá, nú tig ar ard”, (§409 | CBÉ, 1093: 37-42).

Bhíodh sé go dtí an dá bhliain **déanach** ag teacht ’dtís na *stations*, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Duine dos na fearaibh sin a scaoileadh liom ar feadh tamaill **bheag**, (CBE, 966: 480-482).

Tá feicthe againn gur mhinic na hainmfhocail gan infhilleadh sa tuiséal ginideach, agus b’annamh, leis, aidiachtaí a bheith á n-infhilleadh sa suíomh gairmeach ar bhéal an Chriomhthanaigh, cé go bhfuil sampla suimiúil ar fáil dúinn san athfhríotal seo a leanas:

“A chailín **bhig ghleoite dheis**,” arsa an táilliúir, “agus tuigim do ghlór anois”, (§259 | CBÉ, 967: 245-246).

Tá an chuma ar an méid seo gur de ghrá na comhfhuaime leis an bhfocal ‘anois’ a caomhnaíodh ‘dheis’ mar infhilleadh gairmeach. Cúrsaí rithime, b’fhéidir, a d’fhág gur infhilleadh an ghinidigh uatha seachas an t-infhilleadh ginideach iolra a fuair an aidiacht ‘riarach’ san abairt seo a leanas inar infhilleadh é mar ‘riaraí’ a thagann go deas leis an bhfoirceann iolra in ‘móintíní’ ach a thiocfadh salach ar na rialacha a mbeadh cur amach ag foghlaimeoirí díograiseacha na Gaeilge caighdeánaí orthu:

Ach dúirt sé le huncail domhsa, is é ina gharsún, dul ag glaoch ar fhear na móintíní **riaraí**, (§402 | CBÉ, 977: 222-225).

Is dócha leis gur dul na cainte seachas cúrsaí gramadaí a d'fhág gur séimhíodh an dá aidiacht seo a leanas sa líne seo amach as an amhrán 'Is fada mé ar buaireamh':

Buachaillín tréitheach tais néata **dheas chiúin**, (§424 | CBÉ, 968: 432-430).

An briathar

An fhoirm tháite

Coimeádadh foirmeacha táite canúnacha de na briathra, mar shampla, 'chonac' seachas 'chonaic mé', 'chuala' seachas 'chuala mé', 'dúirt' seachas 'dúirt mé', agus 'thána' seachas 'tháinig mé'. Uaireanta fuarthas forainmneacha i dteannta na bhfoirmeacha táite, agus tá sampla den dá nós ó thaobh foirmeacha táite le fáil san abairt seo a leanas:

"Pacálfadsa iad," ar seisean, "sa tslí is ná **beid siad** briste," (§268 | CBÉ, 968: 454-459).

Tharlódh gur le tríú pearsa uimhir iolra an bhriathair 'bí' is mó a úsáideadh an fhoirm tháite i dteannta an fhorainm dá thagraíonn sé áfach:

"Táid siad ag grafadh," arsa é sin, **"táid siad** ag baint an chroicinn don áit sin," (§301 | CBÉ, 977: 236-240).

Bíd siad thíos i gCaol Ghallrois, (§45 | CBÉ, 966: 560-561).

"Á, nílid," arsa an guth, "ina gcodladh **atháid siad,**" (§XII | CBÉ, M0104).

Ní haon riail dhocht é sin ach an oiread áfach:

Anois **tabharfaid siad** leathchoróin is mar sin, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

B'ait le duine, b'fhéidir, a leanas ina raibh foirm scartha le fáil chomh maith le foirm tháite i dteannta an fhorainm ar fhreagair sí dó:

Fiafróid siad díom cá bhfág mé Neidí, déarfadsa leo go **bhfág mé** i gCiarraí, (§435 | CBÉ, 967: 158-159).

Ní haon sampla aonair den fhoirm scartha a bhí ann ach oiread:

Bhíodh siad ag iascach, é féin in éineacht, agus naomhóigín aige, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Foircinn

Glacadh leis an bhfoirceann '-nn' a bheith ag na briathra 'abair' agus 'tá' san aimsir láithreach don dara pearsa uathu agus iolra, .i., 'deireann tú' agus 'deireann sibh', agus 'tánn tú' agus 'tánn sibh' faoi seach. Ghiorraigh SÓD foircinn na mbriathra a chríochnaíonn in '-nn' uaireanta, mar shampla, 'tán' seachas 'tánn', ach níor cloíodh lena leithéid san eagrán seo. Cuireadh isteach consain dheiridh a léirigh sé a bheith báite i mbriathra áirithe, mar shampla, deineadh 'tháinig' de 'tháini'. Briathra dar chríoch '-ai' sa tras-scríobh, deineadh '-a' díobh.

Cé gur gnách 'r' leathan a aithint i dtras-scríobh na foirme táite don aimsir chaite den bhriathar 'abair', an dara pearsa uathu, mar shampla 'dúraís', is 'r' caol a bhíodh ag Seán Mac Criomhthain, mar shampla 'dúiris', agus géilltear don chlaonadh sin san eagrán seo. Is é an 'r' caol a fhaightear i bhfoirm an bhriathair 'beir' sa mhodh coinníollach chomh maith. Uaireanta, úsáideadh 'beir' mar thamhan i gcásanna inar gnách 'rug' a bheith mar thamhan, agus uaireanta eile, bhíodh an dá thamhan sin le fáil in aon abairt amháin:

Rugadh sé leis í, agus **beiridís** duit í, (§177 | CBÉ, 936: 417-418).

Bhí roinnt samplaí suimiúla eile ó thaobh infhilleadh an mhodha ordaithe le fáil ar feadh sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain. Leanadh sampla Dhiarmuid Uí Shé (2000: 250-303) sa mhéid is gur athraíodh '-g' i bhfoirceann an mhodha ordaithe iolra go '-dh' sa tslí is gur mar seo a scríobhadh an abairt chomhairle seo a leanas ó shagart coimeádach:

“Á,” arsa an sagart, “ná deinídh acht, agus ná brisídh acht. Aon rud atá coiscthe, gaibhídh thairis”, (§66 | CBÉ, 1178: 479).

Idir ‘-idh’ agus ‘-ídh’ a bhíonn aige mar fhoircinn do na briathra do dara pearsa iolra an mhodh ordaitheach, beag beann ar réimniú an bhriathair, agus cloítear le nós na lámhscríbhíne ina thaobh seo. Sampla den mhéid sin is ea ‘tagaidh chughamsa tráthnóna’ a bheith le fáil in §416 | CBÉ, 1201: 97-119 agus ‘tagaidh chugham chuinn dinnéir anois’ a bheith in §375 | CBÉ, 936: 388-390. Uaireanta bhronntaí síneadh fada ar an mbriathar gurbh é ‘dein’ a ghnáthfhoirm, go mór mhór nuair a chuirte ‘ná’ roimis, agus bheadh sé seo ag teacht le *Description d’un parler irlandais de Kerry* le M.L. Sjoestedt-Jonval a thug faoi deara gurbh ann don dá leagan ‘dein’ agus ‘déin’ sa mhodh ordaitheach agus gur le struchtúir dhiúltacha is mó a bhí ‘déin’ i gceist (1938: 145). Bhí sampla dá leithéid san amhrán ‘A fharraire cheannasaigh’: ‘lig dod mhagadh agus dod chneáireacht, agus seanchas ná déinse orm féinig níos mó,’ (§430 | CBÉ, 966: 487-493). Bhí sampla eile i líne ó amhrán eile, ‘An Seandúine agus an Bhean Óg’: ‘a stóir ná déin go bhfaighead síocháin,’ (§427 | CBÉ, 968: 38-41). Is í an fhoirm ‘téire’ a bhíodh aige mar mhodh ordaitheach uatha den bhriathar neamhrialta ‘téir’:

Dein poll sa phaiste sin, agus téire síos ann, (§191 | CBÉ, 968: 80-82).

Téire go dtína leithéid seo do chrann atá sa choill, (§468 | CBÉ, 977: 390-392).

Agus ‘bígidh’ aige mar mhodh ordaitheach iolra don bhriathar neamhrialta ‘bí’:

“Bígídh [ar an] dtaobh tíos do chlaí go tapaidh,” arsa é sin leis an mBrúnach, (§399 | CBÉ, 968: 212-216).

Ceadaíodh gan aon ghuta fada a bheith sa bhriathar ‘éist’ sa mhodh ordaitheach, rud a chloistear go fóill sa dúthaigh, agus glactar leis an mbriathar ‘féach’ a bheith séimhithe sa mhodh ordaitheach sa tslí is gur ‘fhéach an mbeadh aon chairt ag gabháilt an bhóthair chuinn do thí’ atá le fáil mar shampla ó lámhscríbhinn §80 | CBÉ, 967: 171-173. Ceadaíodh an fadú gutaí a fhaightear i bhfoircinn bhriathartha a bhaineann le pearsaí iolra i gCorca Dhuibhne, .i., ‘táimíd’, agus ‘cuirfimid’. Tá fianaise

i gcorpas an Chriomhthanaigh gur mar ‘feacúir’ a réadaíodh ‘feacabhair’ (ba é /fakəvɪr/ an t-aon tras-scríobh a sholáthair Ó Sé don fhoirm chéanna) mar fhoirm spleách na dara pearsan iolra den bhriathar ‘feic’:

An **bhfeacúir** an giorria? (§32 | CBÉ, 966: 431-432).

An **bhfeacúir** a leithéid seo ag gabháilt an bóthar? (§196 | CBÉ, 966: 149-151).

Ní **fhfeacúirse** Seán Sasanach, thug sé seal ina bhráthair, (CBÉ, 966: 544-555).

Bhí a leithéid tugtha faoi deara ag Bergin agus Ó Cuív, leis, a raibh ‘higiúir’ mar fhoirm de ‘thuigeabhair’ acu (1916: 8-9). Is é seo a leanas a bhí le rá ag Seán Ua Súilleabháin faoin scéal:

Bíonn -úir sa dara pearsa iolra aimsir chaite i Múscraí, agus -vuir a chloistear in Iarthar Dhuibhneach (tá aon sampla amháin de -úir, .i. bhiúir ó chaint Mháire Ruiséal, a rugadh c. 1856, in Wagner agus Mac Congail, 1983, 156), tá an dá chóras i mBaile Mhac Óda, ar fhianaise LASID -úir is coitianta in iardheisceart Chorcaí... i gCill Orglann agus sa Chlochán. Léiríonn seo go bhfuil an dá nós trína chéile go maith... tá an sampla cár *i’miúir* ó Chuan Dor agus cár *i’milúir* ó Chill Orglann in LASID, II, 914, (Ó Súilleabháin, 1994: 517).

Glactar le ‘bh’ a bheith i bhfoircinn na mbriathra ‘cinnibh’ agus ‘beirbh’ de bharr go bhfuil aitheantas ag na foirmeacha sin in FGB. Ar an lámh eile, is é ‘bailimh’ le ‘mh’ (.i., /v/) a thugtar mar fhoirceann a thugtar san eagrán seo, sa tslí is gur ‘bhailimh’ seachas ‘bhailibh’ na lámhscríbhíne a thugtar san aimsir chaite (c.f. Ó Sé, 2000: 263), agus is amhlaidh a caitheadh le ‘taibhrimh’, mar shampla. Tá comparáid le déanamh ag an bpointe seo idir canúint Chorca Dhuibhne agus canúint Uíbh Ráthaigh, dúthaigh eile inarbh ann don /v/ seo mar fhoirceann don aimsir caite, ach an foirceann céanna a bheith ag déanamh gnó breise an tsaorbhriathair i gcanúint na leithínse ó dheas, faoi mar atá le tabhairt faoi deara sa sampla seo ó *Leabhar Shéain Í Chonaill*: ‘Fiafruíov de cad a dhin sé. Duairt sé gur chuir sé suas d’é féin a bhearra aniu’ (Ó Duilearga, 1964: 144).

Áirítear briathra áirithe atá sa chéad réimniú sa chaighdeán a bheith sa dara réimniú i nGaeilge Chorca Dhuibhne, agus glacadh da bhrí sin le foircinn an dara réimniú a bheith ag 'éist', 'lean', 'síl', agus 'téigh' (= 'cuir teas ann') mar shampla:

“Is ea anois,” arsa an sagart paróiste, “an éisteoidh tú?”, (§222 | CBÉ, 967: 73-74).

Téiodh é, agus tugadh deoch te dho, (§279 | CBÉ, 968: 173-174).

Is beag a shílíos go dtiocfadh aon bhraon anuas, ach leighisfeadsa é sin aríst, (§297 | CBÉ, 977: 413).

Is féidir na briathra ‘cabhraigh’, ‘inis’, agus ‘labhair’ a réimniú amhail is gur briathra ón gcéad réimniú iad, mar shampla:

An bheirt bhan a bhí aige, do chabhradar leis, (§132 | CBÉ, 968: 293-294).

Ar a leathchois a chodlann an faoileán, (§373 | CBÉ, 967: 218-221).

Níl do bhean in aon chor dréir mar a labhrann sí, (§153 | CBÉ, 968: 551-552).

D’inseas di gurb í bean an tí thuas a stiúraigh ann mé, (§93 | CBÉ, 966: 518-521).

An saorbhriathar

Glacadh le nós an tseanchaí mar le foirmeacha an tsaorbhriathair, ó thaobh na n-athruithe tosaigh, fhoircinn an bhriathair, agus na dtamhan, leis. Níor deineadh aon chóiriú ar fhoirmeacha den saorbhriathar dála 'bítaí', 'scrítar' agus 'chuirfaí' ina bhfaightear sampla d'fhoirceann leathan a bheith ar bhriathar dar chríoch chaol, agus gan aon athrú tosaigh a bheith ar siúl:

Dúirt sí go raibh fios aige. Má tá, bítaí ag magadh fé, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

An té ná humhlódh do, cuirfaí tóir ina dhiaidh, agus marófaí é, (§297 | CBÉ, 977: 413).

Póstaí a lán cailíní dá n-ainneoin, agus ní bhíodh a n-aighe in aon chor le pósadh, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Tugann tú bhuait pé rud is maith leat, agus scrítar síos t’ainm leis an méid sin (§ 418 | CBÉ, 1201: 195-210)

Tá a thuilleadh samplaí de sheachaint chómónta an tséimhithe i struchtúir shaorbhriathartha sa mhéid seo a leanas, fiú amháin tar éis míreanna a shéimhníonn de ghnáth:

Bhí an leanbh éirithe inti, agus ní **saolófaí** go deo é go lúifeadh sé, (§299 | CBÉ, 1035: 126-130).

Ní **cuirtaí** aon bholta ar an ndoras, (§144 | CBÉ, 1035: 161).

Bhí foirmeacha ar leith ag an gCrimhthanach do roinnt briathra sa saorbhriathar, mar shampla ‘chonacathas’ gur foirm shaorbhriathartha den bhriathar ‘feic’ atá ann. Ní luaitear an fhoirm seo in GCD, mar a bhfaightear foirmeacha eile arís – is iad na foirmeacha sin ná ‘chonacthas’, ‘chonacathars’, ‘conaiceadh’, agus ‘chonaiceadh’ (Ó Sé, 2000: 279). Tugadh ‘dúrthas’ mar fhoirm ar leith de ‘abair’ in GCD chomh maith, agus is foirm í seo a bhí ag an gCrimhthanach, leis:

Nuair a chuaigh sé abhaile, d’fhiarthaigh an file eile dho cad **dúrthas** leis, (§240 | CBÉ, 1035: 358-359).

Is spéisiúil an léiriú ar oscailteacht na rann cainte agus ar an gcumadóireacht a bhí beo sa chanúint sa mhéid seo a leanas ina bhfuil fianaise ar fhoirm an tsaorbhriathair a úsáid mar leasainm:

Bhí tithe ann fadó, bhí na fothracha ann titithe – “na **sciobaíodh**” a thugaidís orthu, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

An modh foshuiteach

Bhí an modh fo-shuiteach cómónta i gcaint an Chrimhthanaigh, agus tugtar roinnt samplaí anseo:

Nuair a raghaidh m’athair abhaile, go **dté** dealg droighean id chois, (§471 | CBÉ, 967: 490-500).

Go **gcuire** Dia ar a leas an té a ghoid mo láirín rua, (§463 | CBÉ, 967: 7-10).

Tánn tú imithe is **nár dh’fhillfir**, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Is í foirm na haimsire fáistíní a thugtar sna samplaí seo thar ceann ghnáth-fhoirm an mhodha

fho-shuígh:

Ná **beadsa** age éinne, ach ag an té a thabharfaidh aire dhom, (§86 | CBÉ, 1035: 474-475).

Míreanna roimh bhriathra agus an chopail

Bhí ‘saran’ ag an gCrimhthanach in cúpla áit thar cheann ‘sara(r)’:

Cogar, **saran** raghair chun cinn anois, (§VIII | CBÉ, CT0320).

Saran **raibh** sé ag an sáipéal, do tháinig teachtaire, (§XII | CBÉ, M0104).

Agus uaireanta, ba é ‘seara’ agus ‘shara’ na foirmeacha a bhí aige thar cheann ‘sara’, agus aitheantas ag na leaganacha sin in GCD (2000: 444). Tá samplaí againn ón gCrimhthanach sa mhéid seo:

“Beimid ag imeacht anois,” arsa í sin, “**seara** fada”, (§129 | CBÉ, 977: 234-235).

Bhailimh an bárc leis, ach **seara** dtáinig maidean lae Bheathaine aríst, do bhí an tseana-bhean caillthe, (§269 | CBÉ, 966: 483-485).

Do dhiolainn mo chíos trí mhí **shara** dtagadh an lá, (§449 | CBÉ, 968: 371-374).

Foirm chanúnach ar aon dul le ‘saran’ thuas is ea an cónasc ‘maran’ ar leagan é de ‘mura’, agus dála ‘saran’, níor aithníodh in FGB é. Bhí an dá fhoirm ag Ó Sé a thug le fios gur mír í ‘maran’ a fhreagraíonn don chopail ‘is’ (2000: 341; 357) ar aon fhocal le Ward (1974: 69) agus le húsáid an Chrimhthanaigh:

Béarfaidh mé chughat amach aríst iad, **maran** fearr leat a bhfiacha ná iad, (§417 | CBÉ, 1035: 165-172).

Bhí fianaise ag Seán Ó Coileáin áfach gurbh fhéidir ‘maran’ a úsáid le briathra, agus is ‘mar phointe beag eile’ a chuir sé go hamhrasach faoinár mbráid é: ‘*maran raibh/saran raibh/mbeadh* a bhíonn

aige uaireanta in áit *mara, sara*. An fáth atá leis sin, mo thuairim, gan an *-n* a bheith le clos i gcás *an raibh, an mbeadh*, agus é a sholáthar thar *n*-ais aige sa scríobh, go héagórach an uair seo, mar mheasaim’ (Ó Coileain, 2002: xxxvi). Bhí an *-n* seo á sholáthar agam féin sa tslí is gur mar seo a leanas atá an abairt seo ó thaifeadadh fuaime den scéal ‘An buachaill Sasanach’ tras-scríofa agam:

D’imigh sí di féin go dtí an Aifreann, agus saran raibh sí ag an sáipéal, do tháinig teachtaire eile suas léi, (§XII | CBÉ, M0104).

Is é an feiniméan céanna a thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh ó am go chéile agus seanchas Sheáin Mhic Criomhthain á thras-scríobh ón eideafón aige:

Níor mhaith leo é maran bhfanfadh sí go dtiocfadh sí go bun agus “baile ó Dhia ar an obair” a rá, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Beidh tú gan fiacha na mbanbh go deo maran bhfuil aon mhisneach cóir agat, (§46 | CBÉ, 1151: 222-223).

“Má théann an saol i bhfeabhas, b’fhéi’ go ndéanfá,” arsa an feirmeoir, “is maran raghaidh, beidh sé maite dhuit,” (§80 | CBÉ, 967: 171-173).

San aimsir láithreach a fhaightear sampla den chónasc ‘má’ thuas, foirm a bhfuil cead ón gcaighdeán oifigiúil againn í a úsáid san aimsir fháistineach, san aimsir chaite, agus an aimsir ghnáthchaite chomh maith, ach atá coiscthe sa mhodh coinníollach a éilíonn ‘dá’ mar mhír in abairtí coinníollacha. Bhí ‘má’ go minic ag Seán Mac Criomhthain sa mhodh coinníollach, áfach:

“Má dhéanfadh sibh é sin,” arsa é sin, “do thabharfainnse úr bpá go maith dhíbh”, (§251 | CBÉ, 968: 343-348).

Pholladh sé an t-éadan acu le tairne, agus má bheadh sé dhon tseans air go mbrisfeadh sé an chlog, raghadh an t-ainmhí i bhfeabhas, (§21 | CBÉ, 968: 530-536).

Bhaineadh an Criomhthanach úsáid shuaithinseach as an aimsir ghnáthchaite. Uaireanta, bhíodh sé aige i gcomhthéacsanna ina mbeifí ag súil leis an aimsir chaite, agus cur síos á dhéanamh aige ar

ghníomhartha a raibh tábhacht ar leith leo laistigh den scéal¹:

Bheireadh sé ar leabhar, is **d'iompaíodh** sé an taobh síos suas don leabhar nó go **mbuaileadh** pictiúir leis, is **chasadh** sé ansan é, (§346 | CBÉ, 966: 31-36).

Bhí pingin ag an ngé, agus cheannaigh sí blúire ime, agus chimil sé di féin an t-im, agus ó shin riamh, **s[h]leamhnaíodh** an bháisteach di, (§407 | CBÉ, 1035: 222-226).

I gcásanna ina mbeifí ag súil le foirm an mhodha choinníollaigh ar lorg an chónaisc ‘dá’, a fhaightear mar ‘á’ go minic san eagrán seo i struchtúir choinníollacha, is í foirm na haimsire gnáthchaite a bhíodh le clos i gCorca Dhuibhne tráth agus fós. Tá tagairt don nós seo in FGB mar a ndeirtear san iontráil faoin gceannfhocal ‘dá’ gur féidir an cónasc sin a úsáid “with past subjunctive or conditional... **“dá bhfágainn... had I left... dá dtéinn... if I were to go”**. Tá sampla anseo againn ó Shéan Mac Criomhthain:

Dá **dtagainn** céad lá ann, ní gheobhainn do ghrásta acu ná súgradh, (§420 | CBÉ, 1035: 330-332).

Rud eile a fhógraítear san iontráil faoi ‘dá’ in FGB ná go n-uraítear ar lorg an chónaisc sin, ach is léir gur féidir gan ‘ba’ na copaille a urú sa chanúint, agus ‘dá bar cloch mhór é, bhíos marbh’ mar shampla cáiliúil den nós sin ag Bab Feirtéar ina hinsint siúd ar ‘Cearca an Phrompa’, (Ó Cathasaigh, 2002: 59). Tá a thuilleadh samplaí ón gCriomhthanach againn:

Á ba mhaith leo teacht, ní fhéadfainn éinní a dhéanamh inniubh duit, (§115 | CBÉ, 936: 428-429).

Á ba mhaith leo braon uisce a chur tríd an leamhnacht, (§128 | CBÉ, 979: 73-79).

“Á ba é do thoil,” arsa í sin, “aire a thabhairt don leanbh dom,” (§229 | CBÉ, 966, 494-496).

“Á, dá ba é an diabhal é,” arsa Pílear Connor, “tá sé istigh i dtaobh éigin”, (§374 | CBÉ, 979: 188-191).

Á ba dhóigh leo go bhfaighidís cuireadh ar an bpósadh, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Dá bar bhainne, níorbh aon namhaid leo na francaigh a dh’fháilt báite ann, (§420 | CBÉ, 1035:

¹ Tá comparáid le déanamh anseo leis an úsáid a bhaintear as an *passé simple* (i.e., aimsir chaite shimplí) sa bhFraincis in insint scéalta nó sa scríbhneoireacht acadúil.

330-332).

Faightear ‘á’ roimh ainmbhriathra na Gaeilge i gcomhthéacs gramadúil eile ar fad, agus rialacha ar leith sa chaighdeán ar an hathruithe tosaigh a leanann é, .i., séimhiú nuair a fheidhmíonn an ‘á’ mar réamhtheachtaí don tríú pearsa firinsneach, h-próitéis don tríú pearsa baininsneach, agus urú don tríú pearsa iolra. Tá ginearálú á dhéanamh ar an tríú pearsa uathu firinsneach i gCorca Dhuibhne anois mar a thug Diarmuid Ó Sé (2000: 175) le fios, agus is féidir sampla liteartha den fhorás sin a aithint in abairt a bhí ag Peaidí Ua Maoileoin in *Na hAird Ó Thuaidh*: ‘mílseáin á thabhairt abhaile go dtís na mná óga’. Tá samplaí den nós seo againn ó Sheán Mac Criomhthain:

An oíche sin a bhí sí á **thórramh**, (§131 | CBÉ, 967: 193-196).

Bhíodh lóstaeirí á **chimeád** aige, (§378 | CBÉ, 1035: 432-435).

Ba í an ghramadach thraidisiúnta is mó a chleachtadh an Criomhthanach, áfach:

Bhí prátaí ag teacht ar barra ages gach éinne ar an mbaile seo fadó, agus sin é an uair a bhí m’athair críonna **á gcur**, (§315 | CBÉ, 1151: 224).

Ní bhíodh aon chomhra orthu nú bailín, agus an fear so a bhíodh **á gcur**, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

“Bhíos **á ndéanamh** so,” arsa é sin, (§323 | CBÉ, 977: 346-347).

Mara bhfuileann tú sásta le mise **á dtógaint** uait, mise atá ábalta iad do scaoileadh síos aríst chughat, (CBÉ, 121: 545).

Théidís sin síos ar t[h]aobh an Leitriúigh ag baint scuaba, agus **á dtabhairt** ’on Daingean leo, (§294 | CBÉ, 977: 419-422).

Gné shuimiúil eile de chaint an Chriomhthanaigh ó thaobh an ainm bhriathartha ab ea an nós a bhíodh aige “a” a rá go simplí i gcásanna ina ndéarfaí “a bheith á” sa lá atá inniu ann. Tá samplaí ag teastáil chun an ráiteas sin a thuiscint níos fearr. Cuirim i gcás gur gnáthaí “a bheith á” a chloisteáil in áit “a” sna frásaí faoi chló trom sna sleachta seo:

Ba chuimhin le m’athair gach aon clái **a thógaint** ar an gcnoc san thuas, ach aon chlaí amháin,

(§409 | CBÉ, 1093: 37-42).

Ní cuimhin liomsa an Steeple a thógaint, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Níor mhothaigh sé an cnoc a chuir do, (§388 | CBÉ, 968: 183-187).

Bhí an mhír choibhneasta agus an t-ainm briathartha le fáil díreach ar lorg ghníomhaí an bhriathair sna chéad samplaí eile, agus níor mhór a leithéid a chaomhnú ón lámhscríbhinn, cé gur chómónta i bhfad an struchtúr eile, .i., an réamhfhocail simplí ‘ag’ a chur roimh an ainm briathartha:

Bhíodh teachtanna gach aon lá a bhailiú braonaíocha bainne dho chuinn Meadhg Dhá Bhainne a dhéanamh do, (§327 | CBÉ, 967: 189-191).

Agus cad a bhí sé a dhéanamh, (§86 | CBÉ, 1035: 474-475).

Scríobhadh na míreanna coibhneasta de réir na lámhscríbhinn de ghnáth. Maidir leis na hathruithe tosaigh a chuireann na míreanna coibheasta sa siúl, ‘a’ agus séimhiú (nuair is féidir) ina dhiaidh a fhaightear mar choibhneas díreach sa Ghaeilge gan dabht, ach is minice fós a fhaightear an coibhneas díreach seo i gcanúint Chorca Dhuibhne. Cuirim i gcás gurb é an coibhneas díreach a bhíonn le fáil i gcomhthéacsanna ina n-éileodh an caighdeán oifigiúil an coibhneas indíreach, .i., ‘a’ agus urú ina dhiaidh, agus is gné í seo de chanúint Chorca Dhuibhne a bhfuil trácht ag Diarmuid Ó Sé ina taobh: ‘is é an clásal coibhneasta díreach is minice i ndiaidh áit, am, oíche, uair, slí, m.sh., an áit a bhíodh an tine sa cheártain’ (2000: 338). Bhí samplaí den nós seo le fáil againn cheana sna heiseamláirí comhréire a tugadh mar chuid den phlé thuas ar ‘ná’ mar chónasc rófhoclach, ach níor mhiste ‘thug sé aire mhaith don áit a cuireadh í’ a thabhairt ó §330 | CBÉ, 967: 504-505 mar léiriú ar a bhfuil i gceist anseo – ‘thug sé aire mhaith don áit inar cuireadh í’ nó ‘thug sé aire mhaith don áit ar cuireadh í’ a mholfadh an caighdeán oifigiúil gan dabht.

Is féidir ‘a’ an choibhnis dhírigh a úsáid i dtaca le struchtúir chónascacha ina bhfaightear míreanna a fhreagraíonn don chopail, gné neamhghnách den chanúint a raibh tagairt ag Diarmuid Ó Sé di agus é ag tabhairt fianaise ar ‘a’ a bheith in áit ‘ba’ ‘nuair is dóigh, ceart atá mar fhaisnéis’ (Ó Sé, 2000: 353), agus tá samplaí ón gCrimhthanasach againn sa mhéid seo a leanas:

Is ea, nuair a dhóigh leis í a bheith ag imeacht, d'imigh sé, (§58 | CBÉ, 967: 257-258).

A píop ba ghile a dhóigh liom ná an eala ar loch ag snámh, (§379 | CBÉ, 967: 111-115).

Tá dhá shampla againn san abairt seo a leanas:

'Chuma liom mar gheall air, ach an phúits féin a mheasa liom, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313).

Is cosúil nach raibh fianaise ag Ó Sé ar 'a' in áit 'ba' nuair ba shárchéim na haidiachta a bhí mar fhaisnéis faoi mar a bhí le fáil in 'an phúitse féin a mheasa liom' thuas ná in 'a bhreátha' sa sampla seo a leanas:

Deireadh m'athair gurb é an t-arán é a bhreátha a dh'ith éinne riamh é, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Tréith eile de chuid na canúna a bhfuil fianaise againn uirthi sa sampla deireanach sin is ea an nós a bhíodh ag an gCrimhthanach an chopail a bhá i dtosach na habairte, agus sampla eile de sin sa mhéid seo a leanas:

"Dhóigh liom," arsa é sin leis an sagart paróiste, "gurb olc an *job* a thá déanta agat," (§245 | CBÉ, 968: 28-30).

Tá fianaise an-soiléir chomh maith againn ar an gcopail a bheith in úsáid agus ciall na haimsire fáistíní aige:

"Is beag *boycotting* déanta amáireach thiar air," arsa é sin, (§390 | CBÉ, 1035: 320-322).

Is iad 'go' agus 'an' agus urú ina ndiaidh a chuirtear mar mhír bhriathartha roimh fhoirmeacha spleácha i roinnt de bhriathra neamhrialta na gramadaí caighdeánaí san aimsir caite, ach tá an nós sin i bhfad níos forleithne i nGaeilge Chorca Dhuibhne mar a bhfaightear 'go' mar mhír

bhriathartha roimh mhórán gach uile bhriathar san aimsir chaite. Tá cúpla sampla anseo den úsáid chanúnach:

An léabhair ar Shamson groí, a mhairbh na mílte Filistín? (§195 | CBÉ, 968: 389-390).

An gcuiris abhaile an chasóg a bhí agam an oíche úd? (§250 | CBÉ, 967: 247-251).

D'imigh an bhó. Níor stad an bhó go mbain sí an lios amach, (§127 | CBÉ, 968: 490-491).

D'imigh sé air. Bhí sé ag siúl roimis go gcuaigh sé isteach i mbaile mór, (CBÉ, 968, 495-499).

D'fhiarthaigh sé don mac canathaobh go gcuir sé oiread salainn sa phaca san, (§287 | CBÉ, 977: 423-427).

Tá fear anso thall go mbris asal a dhrom, (§391 | CBÉ, 1035: 328).

"B'fhéi' go gcuiris chuinn feirge é," arsa an sagart, (CBÉ, 968: 441).

"Ó is é údar gach dán gurb é a dúirt an dall a bhí sa chúinne, go n-imigh crú ón láir bhán," (§248 | CBÉ, 967: 33-34).

Feictear sna samplaí seo a leanas go mbaintear leas as na paraidímí caighdeánacha, cé nach raibh siad in aon ghiorracht do bheith chomh cómonta leis na paraidímí a dtagraítear thuas dóibh:

Do sheasaimh sé ar bharra na haille, an áit gur bhris an bhó amach, agus scread sé, (§4 | CBÉ, 967: 119-121).

San áit gur cailleadh ár sagart breá naofa, (CBÉ, 968: 60-63).

Toise eile de chaighdeánacht na samplaí thuas is ea an coibhneas indíreach a bheith ar lorg an ainmfhocail 'áit' i gcaint an Chriomhthanaigh, agus ag cainteoirí sa dúthaigh fós, ná 'go' agus 'gur' a bheith ina dhiaidh mar ainmfhocal. 'Go' agus 'gur', leis, a bhíonn mar mhíreanna thar ceann 'a' agus 'ar' an choibhnis indíreach a mholtar sa chaighdeán oifigiúil:

Fear go bhfuil trí fichid caíora aige, (§190 | CBÉ, 966: 44-46).

Agus is é duine go raibh an talamh aige, (§354 CBÉ, 936: 385-387).

Mo mhallacht a thugaimse dh'éinne a thabharfadh comhairle dh'éinne go mbeadh a chúram déanta aige, (§469 | CBÉ, 965: 555-559).

Tá a fhios agam duine gur thug an sagart cead do, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Bun os cionn leis an gcaighdeán oifigiúil, is í an mhír ‘ní’ a fhaightear thar ceann ‘nóir’ an-mhinic roimh bhriathartha san aimsir chaite. Maidir le briathra dar thús guta, is ‘h’ a leanadh ‘ní’ agus ‘ná’ mar mhíreanna:

Bhí an staighre díreach in aice an doiris, agus **ní dhein** sé ach iompó in airde an staighre, (§110 | CBÉ, 967: 37-40).

Ní tháinig éinne isteach air, (§140 | CBÉ, 968: 391-392).

Do chuaigh sé go dtí an dtig, agus do chnag sé an doras, agus **ní hosclófaí** dho, (§32 | CBÉ, 966: 431-432).

Bhí a phictiúir ar thaobh an bhóthair aige, agus an té **ná humhlódh** do, cuirfaí tóir ina dhiaidh, agus marófaí é, (§297 | CBÉ, 977: 413).

Cé gur glacadh leis an nós a bhí ag an scríobhaí ‘n’fheadar’ srl., seachas ‘ní fheadar’ srl., a scríobh, ní ghactar mar riail ghinearálta leis an gcoimriú ar ‘ní’ in aon chás eile ó na lámhscríbhinní. Leasaíodh ‘n’fhéadfainn’ go ‘ní fhéadfainn’, agus amhlaidh do ‘n’fheaca’ a athraíodh go ‘ní fheaca’, mar shampla. Mar ‘nách’ a réadaíodh ‘nach’ mar mhír, agus is don chopail ‘is’ amháin a fhreagraíonn sí:

Nách breá a bhí an dá ghadhar ag faire air? (§110 | CBÉ, 967: 37-40).

“Is ea,” arsa é sin, “is dócha **nách** fada ón am é,” (§V | CBÉ, CT0319).

‘Dh’ a fhaightear roimh bhriathra agus roimh ainmneacha briathartha thar cheann na míre ‘d’ go minic i gCorca Dhuibhne, mar is féidir a dhéanamh amach ón dá shampla seo a leanas:

Moladh le Muire nár **dh’itheas** an fheoil Dé hAoine, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Do shuíos, agus ní mór a **dh’itheas** go deimhin le deabhadh, (§146 | CBÉ, 977: 256-257).

Tamall maith tréis iad a **dh’imeacht**, chonaic sé caipín ar an bhfalla, (§470 | CBÉ, 979: 264-266).

Nuair a **dh’éireoidh** sí suas go mbeadh triúir leanbh aici, (§335 | CBÉ, 936: 547-549).

Nóir chuala aon trácht ar éinne a **dh’fhanacht** thíos ann, (§317 | CBÉ, 981: 545-550).

Tá sampla den láimhséail chanúnach maille leis an láimhseáil chaighdeánach ar bhriathra laistigh d’aon abairt amháin anseo:

Do **dh’ól** sé a bhraon té, agus **d’ith** sé blúire aráin, agus do dhíol astu san, (§360 | CBÉ, 967: 224-226).

Tá sé le tabhairt, leis, faoi deara nach raibh aon cheann de na míreanna réamhchlaonacha thuasluaite riachtanach, áfach:

Éalaití, na ba, isteach orthu uaireanta, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Nuair a **éirigh** an leanbh suas, bhí sí ag dul ar scoil, (§337 | CBÉ, 967: 415-419).

“Is fearr liom cuntas a **fháil** air,” arsa é sin, “pé bun a bhí leis,” (§335 | CBÉ, 936: 547-549).

An forainm

Uaireanta ba é an forainm nó an forainm réamhfhoclach neamhcheart a deireadh an seanchaí nó a bhreacadh an scríobhaí, agus bhí sé de dhánacht ag an bhfear eagair a leithéid a leasú sa saothar seo, fo-nóta á sholáthar leis an mbunfhoirm a chur in iúl mar sin féin. Rudaí nár leasaíodh áfach ná gutaí fada a bheith in easnamh ar fhorainmneacha dála ‘me’ (a scríobhtar uaireanta mar ‘mi’), go mórmhór agus é mar chuspóir ag an mbriathar, lán mar a caomhnaíodh an fhoirm ‘tu’ a fhreagraíonn do ‘tú’ an chaighdeáin a bheith séimhithe in ‘thu’ agus ‘thú’, mar shampla:

An té a bhaileoidh **me**, ní hé a chaithfidh **me**, (§86 | CBÉ, 1035: 474-475).

“Má thagann sé isteach,” arsa an mháthair, “lamhachfaidh sé **thú**,” (§189 | CBÉ, 977: 332-333).

Ar ndóthair, mara mbeadh gur scaoil sé **thú**, caillfaí ag an gcrann tú, (§469 | CBÉ, 965: 555-559).

“Fan siar ón gcapall a “mhadáin,” arsa an marcach, “b’fhéi’ go mbuailfeadh sé **thú**,” (§226 | CBÉ, 968: 166-169).

Dhé, mo ghrá **thu** a Theartair, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

An réamhfhocal

ag

Ba mhinic an réamhfhocal 'ag' coimrithe nó giorraithe ar shlí éagsúla i dtras-scríbhinní an Dálaigh. Roghnaíodh 'ag' seachas 'a' mar fhoirm don réamhfhocal sin i struchtúir ainmbhriathartha dála 'ag déanamh', ar nós le SÓD a scríobh mar 'a déanamh'. Bhain SÓD leas as 'sa' mar ghiorrúchán de 'agus ag' an ainm bhriathartha, faoi mar a chloisfí sa chaint i nGaeilge Chorca Dhuibhne, ach níor ceadaíodh an ghiorrúchán áirithe sin ach an oiread. Ar an tslí chéanna, deineadh 'ag an' den fhoirm 'agen' a fhaightear sa lámhscríbhinn. Ceadaíodh an fhoirm 'age' roimh ainmfhocail nach ainmfhocail bhriathartha iad, agus ba í an fhoirm sin a cuireadh isteach san eagrán seo in áit an leagain ghiorraithe 'ge' a bhí le fail in áiteanna chomh maith¹. Nuair a bhí 'age' nó 'ge' ag SÓD i gcás forainm réamhfhoclaigh, leasaíodh a leithéid go 'aige', sa tslí is go ndeintear idirdhealú idir an réamhfhocal simplí 'age' a fhaightear in abairtí mar 'age bean a bhí sé' agus an forainm réamhfhoclach 'aige' in abairtí mar 'bhí an phíp dearg aige' san eagrán seo. Glacadh leis an gcoimriú 'agena' seachas 'ag a'.

as

Bhaineadh an Criomhthanaigh leas as an réamhfhocal 'as' cuíosach minic, agus bhí a úsáid leata go dtí an pointe gur thóg sé ionad an réamhfhocail 'os' ina chuid cainte. Cloíodh le 'as' san eagrán seo, faoi mar a cloíodh leis an séimhiú a leanann é mar réamhfhocal, gné den chanúint a raibh sampla de ag Liam P. Ó Murchu in 'as bhun an choca' (1983: 168). Ní miste cúpla sampla a thabhairt ó chorpas an Chriomhthanaigh:

Bailíodh cabhair lá arna mháireach, agus thaighdeadar **as** a chionn, (§317 | CBÉ, 981: 545-550).

Níor mhaith liomsa é a tharrac duit **as chomhair** an tsagairt eile, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

¹ Mhol Seán Ó Coileáin (2002: xl) forás stairiúil na foirme seo a leanúint in *Irish Dialects Past and Present* (O'Rahilly, 1956: 175-7).

chuig agus chun

Cé gur cómóna go mór ‘chun’ seachas ‘chuig’ ag formhór chainteoirí Ghaeilge Chorca Dhuibhne a bhfuil taifead orthu, bhaineadh an Criomhthanach leas rialta as ‘chuig’ mar réamhfocal simplí. Is gnáthach ainmfhocail ar lorg an réamhfhocail ‘chun’ a chur sa tuiseal ginideach gan dabht, agus bhí an nós sin leata amach chomh fada le ‘chuig’ sa tslí is go raibh an méid seo le rá ag Liam P. Ó Murchú: ‘Cloistear an fhoirm /xù:n/ chomh maith, ach is annamh é. Dar ndóigh, leanann an tuiseal ginideach iad ar fad, an fhoirm /xìg/ san áireamh’ (1983: 168). Bhain sé seo le Gaeilge Thuaisceart an Chláir chomh maith, agus ‘tá tú óg, agus níl aon mhaith ionat chuig a’ tsiúil’ mar shampla dá réir sin againn ó Stiofán Ó Ealaíora (Ó Duilearga, 1981: 18). Cé nach annamh teacht ar shamplaí d’úsáid an réamhfhocail ‘chuig’ sa véarsaíocht Mhuimhneach, agus gur in amhrán is mó a bhíodh a leithéid ag an gCriomhthanach, is ón ngnáthchaint, más féidir a rá gur gnáthchaint a fhaightear sna hócáidí seanchais, a tógadh a leithéid seo a leanas:

Do tugadh **chuig siúil** é, (§55 | CBÉ, 968: 355-357).

Is mór an scanradh lánú **chuig an tsaoil** ná bíonn éinne clainne acu, (§306 | CBÉ, 1035: 471-473).

Is iad paraidímí na bhforainmneacha réamhfhoclaacha a bhaineann le 'chuig' a roghnaíodh san eagrán seo ná 'chugham', 'chughat', 'chuige', 'chúichi', 'chughainn', 'chughaibh', 'chúthu'. Faoi anáil ‘fúthu’, .i., ‘fé’, a tháinig ann do ‘chúthu’ thar ceann ‘chúchu’ dar le Seán Ó Coileáin, (Ó Coileáin, 2002: xli).

do agus de

Is é foirm an réamhfhocail shimplí ‘do’, seachas ‘dó’, a fheidhmíonn mar fhoirm don tríúpearsa uathu firinscneach sa chanúint, agus is annamh a fhaightear an réamhfocal ‘de’ san eagrán seo. Faoi mar a deir Liam P. Ó Murchú, ‘is annamh ar fad a chloistear an réamhfocal *de* ná na forainmneacha a shíolraíonn uaidh sa chanúint seo. Tá an réamhfocal *do* dulta ina ionad agus na

forainmneacha dá réir sin' (1983: 167). Cloíodh san eagrán seo le nós na lámhscríbhíne ó thaobh an réamhfhocail 'do' agus a mbaineann d'fhorainmneacha réamfhoclacha leis a bheith in úsáid thar ceann 'de', cé bhfaightear 'de' agus a mbaineann leis d'fhorainmneacha réamfhoclacha in áiteanna san eagrán seo. 'Gach ceann de na forainmneacha a shíolraíonn ó na réamhfhocail *de* agus *do*', arsa Ó Murchú, 'téanna an t-athrú tosaigh /d/ - /y/ nó /d'/ - /y'/ orthu nuair a thagann guta rompu' (ibid: 167), agus samplaí den méid sin againn ón gCrimhthanach dá réir sin:

D'fhiarthaigh sé **dho** an raibh aon scéal nódh aige, (§318 | CBÉ, 1035: 446-449).

Bhíodh sé ag eachtraí **dho** m'athair, (§357 | CBÉ, 977: 407-408).

"B'fhéidir," arsa e sin, "gur fearra **dhom** na trí chomhairle mhaithe," (§481 | CBÉ, 967: 197-200).

Níor ghá **dhuit** caitheamh gránna a thabhairt duit féin, (§177 | CBÉ, 936: 417-418).

Sa sampla deireanach tá fianaise ar an idirdhealú córasach a dheineadh an Crimhthanach idir 'y' ar lorg an ghuta agus 'd' ar lorg an chonsain. Chítear sa sampla seo a leanas go mbíonn a leithéid i gceist fiú amháin i gcás go mbeadh coimriú i gceist idir 'do' agus ainmfhocail dar tús guta:

Loirg sé luach pingine **dh'**arán air, (§85 | CBÉ, 977: 348-350).

In áiteanna eile, ní bhacadh an Crimhthanach le coimriú a dhéanamh idir 'do' agus focail dar tús guta nó 'f', mar shampla:

Fiarthaíodh **do** fhear an *hotel* cá bhfuair sé an fheoil seo, (§6 | CBÉ, 966: 530-533).

Ní déanfaí aon díobháil **do** aon ainmhí leis ach amháin é féin, (§318 | CBÉ, 1035: 446-449).

Tagann sé seo leis na samplaí a thug Liam P. Ó Murchú 'ní thugas an mótar do éinne' agus 'ní mholfainnse dho éinne' (1983: 167). D'fhéadfaí 'de' agus 'do' a laghdú sa tslí is gur 'trí nó ceathair 'e chait' a bhí mar shampla den nós céanna ag Diarmuid Ó Sé (2000: 231), agus cé gur tréith den chanúint í seo nár ceadaíodh san eagrán seo, is fiú tras-scríobh dílis a thabhairt mar shampla anseo:

Bhailimh sé leis, agus bhí feirm bhreá talún ag an bhfíodóir, a bharra chúrsaí, (§71 | CBÉ, 968: 3-5).

Uaireanta eile, imíodh an ‘do’ ar fad, de réir an nós ar ar thug Diarmad Ó Sé an míniú seo a leanas:

Báitear é i ndiaidh guta, ach fanann a rian sa séimhiú, mar shampla, dó nó trí sheachtainí (Ó Sé, 2000: 231).

Aon áit gur bádh ‘do’ sna lámhscríbhinní, cuireadh ar ais isteach arís é ar an gcuma seo a leanas san eagrán seo:

Thairrig an fear eile buille ‘o’ mhaide, (§XIII | CBÉ, M0104).

“Cogar,” arsa é sin, “ná bain an glas dona leithéid seo ‘o’ sheomra, (§87 | CBÉ, 966: 152-154).

Tá sampla san abairt dheireanach ar fad de ‘dona’ a bheith in úsáid mar leagan malartach de ‘dá’, agus caomhnaíodh a leithéidí seo san eagrán seo chomh maith. Rud eile a caomhnaíodh san eagrán seo ná an nós seo ina mbíodh ‘duinn’ aige, dála Thomáis Uí Chriomhthain, ‘mar mhalairt ar ‘dúinn’... cé ná fuil aon deifir san úsáid is féidir a dhéanamh den dá fhoirm’, (Ó Coileáin, 2002: xli).

fé

‘Mar is eol don saol’, a d’fhógair Seán Ó Coileáin, ‘tá na foirmeacha den bhforainm réamfhoclach a leanann ‘fé’ tar éis dul i bhfeidhm ar chuinn... mar mhalairt air sin, agus ag treisiú leis, is minic [chugham] aige san áit go mbeadh coinne agat le fúm’ (Ó Coileáin, 2002: xli). Tá sampla grinn againn den méid sin againn ón gCríomhthanach:

“Tá m’ainm chugham,” arsa é sin, “is mo shloinne as mo chionn.” (§373 | CBÉ, 967: 218-221).

Dar ndó, murach an chomhfhuaim idir ‘chugham’ agus ‘chionn’, ní bheadh an rath céanna uirthi seo mar abairt.

gan

Ní hionann rialacha an tséimhithe i dtaca le ‘gan’ i gcaint Sheáin Mhic Criomhthain agus sa chaighdeán, agus fanann an t-eagrán seo dílis do pé nós a fhaightear sna lámhscríbhinní a thagann go cruinn leis an nós a mhínigh Ua Súilleabháin ar an tslí seo a leanas: ‘is féidir consan a shéimhiú ná a fhágáil lom i ndiaidh *gan*’ (1994: 506). Dhá shampla den díshéimhiú nuair a bheifí ag súil lena mhalairt atá anseo againn ón gCriomhthanach:

“Is maol guala gan bráthair,” a deir siad, ach ní hé sin an focal ceart, (§181 | CBÉ, 968: 393-394).

“Muintir Shé an Oileáin, do ghearradh an Fionnán, gan speal gan crán, (§353 | CBÉ, 979: 202-203).

roimh

Foirm na tríú pearsan uatha ‘roimis’ a úsáidtear thar ceann ‘roimhe’ de ghnáth sa chanúint, agus samplaí go leor againn ón gCriomhthanach:

Do bhí ana-dhealramh báistí air, agus do chuaigh teachtaire chugham le té agus le arán, agus ní mór an fháilte a bhí agam roimis, (§146 | CBÉ, 977: 256-257).

Nár dhiail an lúth a bhí sa bhfear ag cuir capall roimis síos bóthar na bacadá anso amuigh, (§418 | CBÉ, 977: 351-352).

Nuair a tháinig sé go dtí an abhainn, do bhí fear ansan roimis, (§460 | CBÉ, 966: 296-302).

Is féidir ‘roimis’ nó ‘roim’ a úsáid mar réamhfhocal simplí sa chanúint, faoi mar is léir ó na samplaí seo a leanas:

Lá arna mháireach, bhí *stations* le bheith age m’athair, agus do bhí sé roimis an sagart paróiste amuigh, (§395 | CBÉ, 968: 442-445).

Is dócha go rabhadar i bhfad roimis an droch-shaol ar an nGarrán, (§353 | CBÉ, 979: 202-203).

“An bhfuil aon eagla agat roim éinní ar an saol?” arsa é sin, (§77 | CBÉ, 967: 201-203).

Bhíos age Michil Sheáin Uí Shé i gCathair Scoilbín istoíche Dé hAoine, agus dúirt sé liom go ndeir sé amhrán nach aon Oíche Nollag: “hOcht céad déag fáilte naoi n-uaire agus fiche, roim mhac Dé na glóire, agus na maighdine Muire”, (§425 | CBÉ, 982: 22-25).

Á dtiocfadh a bhfuil d'fhearaibh i bparóiste an Fheirtéaraigh ag lorg mo vót orm, gheobhaidh Jim McDonnell mo bhót **roim** éinne, (§390 | CBÉ, 1035: 320-322).

Déantar coimriú idir roimh agus an aidiacht shealbhach sa tslí is gur 'roimhena' a fhaightear mar fhoirm go fánach tríd an eagrán seo:

Phrioc sí suas na prátaí, agus do bhíodar beirithe **roimhena** fear ach a dtáinig sé abhaile, (§25 | CBÉ, 967: 183-184).

go dtí

Is minic a bháitear an 'go' in 'go dtí', agus ceadaíodh an bá sin ach amháin gur cuireadh uaschamóg roimhe, mura raibh a leithéid déanta ag Seosamh Ó Dálaigh, ach níor i gcónaí é ná é. Tá dubailt luacha ag an sampla seo a leanas den nós céanna ón uair gur fianaise é ar an tuiseal tabharthach a bheith i gceist le hainmfhocail ón dara díochlaonadh ar lorg '[go] dtí an':

Thugadar an stoc leo aríst '**dtí** an mbaintrigh, (§412 | CBÉ, 968: 217-218).

Coimrítear 'go dtí' leis an gclásal coibhneasta 'a' i gcaint an Chriomhthanaigh sa tslí is gurb í an fhoirm 'go dtína' a fhaightear san eagrán seo.

i agus sa

Deineadh 'ins' de 'is' nuair a fuarthas 'is' thar ceann 'i' sa lámhscríbhinn. Glacadh le leithéid 'insan', agus 'insa' leis san eagrán seo. Is é 'inti', seachas 'innte' nó 'ínte', foirm an tríúpearsa uathu bhaininscnigh a tugadh san eagrán seo. Ba é an mhír ar thug Liam P. Ó Murchú an '*sa iolra*' uirthi (1983: 168) a bhíodh ag an gCrimhthanach i suíomh na huimhreach iolra nuair is 'sna' a mholfadh an caighdeán oifigiúil, agus samplaí sa mhéid seo a leanas againn:

Bhíodh ceathair nú chúig do mhaidí aige, agus bhíodh paistí curtha **sa** maidí aige, (§305 | CBÉ, 1035: 477-478).

Deir siad go bhfuil siad sa liosanna, cuid dos na liosanna, (§120 | CBÉ, 979: 37).

An t-uisce a cuireadh sa hárthaí, ba róbhreá í le blaiseadh, (§425 | CBÉ, 982: 22-25).

Tréith chanúnach eile a bheadh bun os cionn lena moltar ó thaobh úsáid cheart an réamhfhocail ‘sa’ ná an nós a bhíodh ag an gCrimhthanach urú a bheith ar an ‘sa’ uatha in abairtí a bhaineann le cúrsaí ama, agus trí shampla ina thaobh seo againn:

Níl aon mhaidean sa mbliain ná bíodh burdán tugtha go béal an doiris aige,
(§45 | CBÉ, 966: 560-561).

Do bhí buachaill ann fadó, agus níl aon oíche sa mbliain ná héiríodh sé amach as an leabaidh,
(CBÉ, 968: 505-506).

Bhí bean, agus fear taobh leis, agus b[h]ídís ag dul ag faoistine uair sa mí,
(§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Uaireanta, is é an t-próitéis a leanann an ‘sa’ uatha i gcás na n-ainmfhocail dar tús ‘s’, beag beann ar chúrsaí inscne:

Choimeádfadh sé í i gcomhair na haltórach nú gnó éigin sa tsáipéal, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Bhí sé ag siúl sa tsráid, agus ní raibh éinne ag déanamh aon fhóirithint air, (CBÉ, 968, 495-499).

Cé gur urú is mó a chuireadh an ‘sa’ uathu ar ‘f’, tabharfar faoi deara gur fágadh lom é sa sampla seo a leanas a mbaintear leas arís as sa chéad rannóg eile chomh maith:

Bhí croiceann caorach idir an fráma sa falla ag coinneáilt na gaoithe amach, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

idir

Baineann rialacha ar leith leis an séimhiú i ndiaidh an réamhfhocail 'idir' sa chaighdeán, ach leanann séimhiú i gcónaí é i nGaeilge Chorca Dhuibhne, agus is amhlaidh atá anseo dá reir sin:

Scadán **idir bheirt** a bhíodh acu, a deireadh sé, (§317 | CBÉ, 981: 545-550).

Is é an rud a mholadar san í a stolladh **idir chapaille** fiaine, (§471 | CBÉ, 967, 490-500).

Do bhíodh deifir **idir chlaí** na teorann, agus an claí istigh sa talamh,” (§402 | CBÉ, 977: 222-225).

Bhain guagacht níos mó leis na hathruithe a leanfadh ‘idir’ agus an t-alt ina dhiaidh. Chítear anseo gur séimhiú a bhíodh ar uairibh aige, urú uaireanta eile, agus gan aon athrú aige in áit amháin:

Bhíodar ó bhraon go braon nó gur dheineadar cleamhnas **idir an mbeirt**, (§252 | CBÉ, 967: 15-21).

Do thairrigíodar coinníoll **idir an bheirt** leanbh, (§V | CBÉ, CT0319).

Bhí falla mór ard **idir an bhóithrín** agus tig na scoile, (§205 | CBÉ, 982: 29-30).

Bhí croiceann caorach **idir an fráma** sa falla ag coinneáilt na gaoithe amach, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

le

Idir ‘le’ agus ‘lé’ a bhí le fáil mar réamhfhocail shimplí sna lámhscríbhinní, agus glactar le nós an tras-scríobhaí is cuma cé acu foirm a bhí le fáil sa lámhscríbhinn. Nuair ba mise an tras-scríobhaí, chloíos-sa lena raibh le clos ó na taifeadtaí fuaime, .i., ‘le’ formhór an ama, agus go deimhin, bhí ‘le’ a dhá oiread níos comónta sna lámhscríbhinní chomh maith. Níor deineadh aon chóiriú ar ainmfhocail dar thús guta a fágadh lom sa tras-scríobh i ndiaidh ‘le’, comhthéacs ina n-éilítear an h-próitéis sa chaighdeán, agus tá sé seo tugtha faoi deara ag Liam P. Ó Murchú (1983: 168). Ní gnách séimhiú a leanúint ‘le’ mar réamhfhocail, ach ceadaíodh a leithéid nuair a fuarthas trí chanúint an Chriomhthanaigh í. Séimhiú a bhíodh i gceist de ghnáth sa nath cainte ‘le fhios’, agus na samplaí seo a leanas mar fhianaise ar an méid sin againn:

Dhein an bheirt go maidean **le fhios** gur bithiúnach é, agus go raibh a thuilleadh lasmuigh ina theannta, (§398 | CBÉ, 981: 537-544).

Ní raibh sé sa ghort gur chuireas é, agus chuardaíos go maith é, agus do chuireas an claí siar díom **le fhios** gurb amhla a chuir sé an claí siar do, (§484 | CBÉ, 936: 404-407).

Chaitheadar a bheith á dtarrac amach arís **le fhios** go bhfanfaidís folláin, (CBÉ, 1070: 5).

Bhí séimhiú in ‘le dhéanaí’ in áit amháin, ach d’fhéadfaí gur dearmad ón scríobhaí a bhí i gceist, agus leasaíodh é an sampla seo a leanas sa mhír ina raibh sé le fáil:

Le dhéanaí a tosnaíodh *presentí* a thabhairt dóibh, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

thar

Réamhfhocail eile a mbaineann rialacha casta leis sa chaighdeán ná ‘thar’. Baineann castacht le nós an Chriomhthanaigh ó thaobh ‘thar’ mar réamhfhocail simplí de chomh maith. Chítear anseo i gcás dhá ainmfhocail dhílse agus i struchtúr seanbhunaithe amháin gur séimhiú a leanann ‘thar’:

Is dócha gur chualaís trácht **thar Bhrasby**, (§221 | CBÉ, 968: 543-544).

An gcualaís riamh trácht **thar Mhaitiú** an Chuilinn, (§375 | CBÉ, 936: 388-390).

Síos leis an mbó, agus chinnibh amach **thar bhéal** an chuain, (§4 | CBÉ, 967: 119-121).

Fághtar an t-ainmfhocail lom i ngach cás eile:

Do bhí m’athair lá ag dul ó dheas **thar cnoc**, (§95 | CBÉ, 966: 534-535).

Do phreab sé **thar clai** go tapaidh, (§167 | CBÉ, 968: 487).

Mo ghrá **thar mnáibh** an tsaoil seo, (CBÉ, 968: 145-147).

Tá sampla amháin leis againn den choimriú a dhéantar idir ‘thar’ agus an aidiacht shealbhach:

Ach ritheann sí **tharna** pholl féin, (§155 | CBÉ, 1035: 5-7).

Ní mór a thabhairt le fios chomh maith nach annamh an tríú pearsa firinsneach uathu ‘thairis’ in úsáid ag Seán Mac Criomhthain *thar ceann an an réamhfhocail* ‘thar’:

Níor chuaigh sé **thairis** sin, (§342 | CBÉ, 936: 553-555).

Níor chuaigh an tráthar **thairis** an áirithe sin, (§303 | CBÉ, 968: 283-284).

Agus ní fhéadfadh duine acu dul **thairis** an nduine eile amach, (§165 | CBÉ, 966: 39-41).

Is inspéise gur mar ‘ar’ a tras-scríobhadh an fhoirm sin in áit amháin, foirm a leasaíodh d’fhonn aon mhearthal leis an réamhfhocal simplí eile ‘ar’ a sheachaint:

Ní gá dho bhean féachaint **[th]ar** a guaile, (§106 | CBÉ, 1035: 340-344).

D’aithin Seán Ua Súilleabháin go mbaineann ‘an-éagsúlacht sna forainmneacha réamhfhoclacha a bhaineann le ‘thar’’, (1994: 508) rud a mhíneodh an raidhse foirmeacha ó thaobh pharaidímí na bhforainmneacha réamhfhoclacha atá le fáil againn ar feadh ar fágadh againn de litríocht chruthaitheach, de litríocht bhéaloideasúil agus de litríocht acadúil chomh maith. Deineadh leasú suntasach ar fhoirmeacha na lámhscríbhinní sa tslí is gurb iad na paraidímí a gheofar san eagrán seo ná: ‘tharam’, ‘tharat’, ‘thairis’, ‘thairst(h)i’, ‘tharainn’, ‘tharaibh’, ‘tharst(h)u’. Tugtar foirmeacha na lámhscríbhinní mar fho-nótaí i gcásanna nach ionann litriú pharaidímí an eagráin seo agus litriú pharaidímí na lámhscríbhinne don réamhfhocal seo. Bhí idir ‘thairis’ agus ‘tharais’ le fáil mar shampla sna lámhscríbhinní mar fhoirm don tríú pearsa uathu firinsneach i gCorca Dhuibhne, rud a bhí pléite ag Ua Súilleabháin (1994: 508-509), agus don tríú pearsa uathu baininsneach, is í an fhoirm a bhí le fáil thar ceann ‘thairsti’ ná ‘théirsti’, foirm a luaigh an Súilleabhánach le Contae an Chláir ar fad ach nach raibh luaite de Chontae Chiarraí aige léi ach an Clochán (1994: 508-509). Is díol suime go raibh ‘tháirsthi’ mar fhoirm ag an gCrimhthanach in §419 | CBÉ, 1201: 195-210 (tras-scríofa mar ‘tháirse’), agus is foirm í nár luaigh aon duine de na húdair ar Ghaeilge Chorca Dhuibhne fós, go bhfios dom.

Tá sé le rá mar gheall ar ‘tharsthu’, mar fhoirm a fhaightear uaireanta sa lámhscríbhinn mar ‘thórsa’, go raibh a leithéid tugtha faoi ndeara ag Seán Ua Súilleabháin i dtaca le deisceart Chiarraí agus Gaeltachtaí Chorcaí. Dúirt se mar shampla go raibh ‘thórsə’ le fáil mar fhoirm i mBaile Mhac Óda, Múscraí, Cairbre agus Uíbh Ráthach’, agus ‘thársə’ le fáil i Múscraí agus in iardheisceart Chorcaí. Dar leis nach raibh i gCorca Dhuibhne ach ‘thórstə’, ‘tharastə’, ‘tharóhə’, agus ‘tharahə’ chomh fada agus a bhain sé leis an tríú pearsa iolra de (1994: 508-509), ach is í ‘thórsa’ a bhí mar

rogha foirme ag an gCrimhthanach, agus go deimhin, tá ‘thórsa’ le clos fós ar bhéalaibh Duibhneacha, go mór mhór sa nath cainte ‘ag caitheamh thórsu a bhíodar’ a chuala féin ó Sheán ‘John Tammy’ Ó Laoithe Chuas an Bhodaigh.

An réamhfhocail agus an t-alt

Leanann urú an t-alt cinnte ar lorg an réamhfhocail sa chanúint ar gach aon chonsan a bhfuil urú ann dó, agus ceadaíodh a leithéid san eagrán seo i gcásanna a mbeadh sé ag trasnaíl ar an gcaighdeán oifigiúil. Is cosúil, áfach, go bhfágadh an Crimhthanach an orduimhir ‘chéad’ gan urú ina leithéid de chás, agus is rud eile é sin a bheadh ag teacht salach ar an gcaighdeán. Ceadaíodh a leithéid san eagrán seo, agus tugtar samplaí sa mhéid seo a leanas:

Fágaimid **fén chéad** triúr a bhuailfidh linn cad is ceart duit a dhéanamh, (§469 | CBÉ, 965: 555-559).

Chaithidís braon den uisce coisreac **ar an chéad** bhirdeog, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Bhídís imithe **ar an chéad** ghlaio coileach, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Bíonn marc ansan timpeall sé troithe **ón chéad** pholl, (§155 | CBÉ, 1035: 5-7).

Ní miste a thabhairt le fios gur ‘ar an chéad’, mar shampla, a bhí ag Tomás Ó Crimhthain in *An tOileánach* (c.f. 2002: 222) chomh maith.

Is é tuiseal tabharthach an ainmfhocail a fhaightear i ndiaidh ‘go dtí’ sa chanúint, cé gur nós leis an gCrimhthanach túsconsan an tuisil tabharthaigh a fhágaint lom chomh maith mar is féidir a dhéanamh amach ó na samplaí frisnéiseacha seo a leanas den tuiseal tabharthach ar lorg ‘go dtí’:

D’imigh sé suas **go dtí an dtine**, (§VII | CBÉ, CT0320).

Do chuaigh sé suas **go dtí an tine**, (§482 | CBÉ, 966: 412-415).

Dúirt sé go dtabharfadh sé fhéin lón na Nollag **go dtí an mbaile** ar fad, (§92 | CBÉ, 1035: 159-160).

Tháinig teachtaire le leath na bó **go dtí an file**, (§240 | CBÉ, 1035: 358-359).

Bhí triúr dearthár ag teacht **go dtí an tig**, (§XIII | CBÉ, M0104).

Is gnách go gcuirtear t-próitéis ar ceal sa tuiséal tabharthach sa chanúint agus sa chaighdeán araon, cé go ndeir Seán Mac Criomhthain féin linn, agus feacht teanga ar leith á léiriú aige dúinn, ná ‘[go bhfuil] sé le clos anso ar an dá chuma’ i gcás ‘go dtí’, é ag tabhairt ‘bhíos ag dul go dtí an Aifreann’ agus ‘bhíos ag dul go dtí an tAifreann’ mar shamplaí den fheiniméan teanga céanna (§207 | CBÉ, 1178: 499-539). Tá roinnt samplaí den nós sin aige sa rogha seo a leanas as a chuid seanchais:

Do chuaigh sé go dtí an t-easpag, (§1 | CBÉ, CT0319).

Chuadar síos go dtí an t-árthach, (§26 | CBÉ, 967: 213-215).

Present éigin a bhreith go dtí an agent¹, (§402 | CBÉ, 977: 222-2250).

Níl aon Domhnach ná tagadh sé anso thíos go dtí an Aifreann, (§306 | CBÉ, 1035: 471-473).

Tá dhá shampla ó chorpas an Chriomhthanaigh inar chuaigh séimhiú ar ainmfhocal firinscneah dar tús ‘m’ ar lorg an ailt chinnte uatha sa tuiséal tabharthach. D’fhéadfaí an scéal a iniúchadh a thuilleadh d’fhonn a dheimhniú go mbaineann a leithéid leis an gcanúint nó nach mbaineann, agus fágadh a leithéid san eagrán seo idir an dá linn, ach d’fhéadfaí, leis, gur sciorradh neamhghnách pinn nó teanga a bhí i gceist leis chomh maith:

An ndéinis aon mhaith riamh ar an mhada rua? (§39 | CBÉ, 965: 544-546).

Rug sé ar an mhaide is amach leis, (§53 | CBÉ, 968: 201-202).

Tógann réamhfhocail áirithe i gCorca Dhuibhne foirm ar leith roimh an alt iolra, agus glacadh leo seo sa tslí is go bhfaightear na foirmeacha ‘ages na’, ‘d(h)os na’, ‘fés na’, ‘ós na’, agus ‘go dtíos na’ tríd síos an téacs. Tá an nós seo tar éis leathnú go comhthéacs eile, .i., roimh ‘gach’, sa tslí is go bhfaightear foirmeacha mar ‘ages gach’, ‘dos gach’, agus ‘ins gach’ san eagrán seo:

Bhí caint ages gach aon ainmhí fadó, (§1 | CBÉ, 982: 241-242).

¹ Ba é ‘an t-agent’ an gnáth-thuiséal ainmneach: ‘Bhí an tiarna istigh san oifig é fhéin, agus an t-agent,’ (§ 289. CBÉ, 967, 251-252).

Rugadh mac **dos** gach éinne dhon dtriúr, (§165 | CBÉ, 966: 39-41).

Bíonn fear maith **ins** gach aon áit, (§317 | CBÉ, 981: 545-550).

Mar ‘is’ a thras-scríobhtaí ‘ins’, ach níor glacadh lena leithéid san eagrán seo.

Na huimhreacha

Bhíodh roinnt siar is aniar ar siúl ag an gCrimhthanach chomh fada agus a bhain sé leis na bunuimhreacha, .i., bhíodh rogha ann idir bunfhoirmeacha séimhithe (‘cheithre’ agus ‘chúig’) nó bunfhoirmeacha le h-próitéis (‘hocht’), agus bunfhoirmheacha gan séimhiú nó bunfhoirmeacha gan h-próitéis. Baineadh úsáid as an mbunuimhir ‘dó’ i gcomhthéacs an chomhairimh mar chuid den fhrása ‘dó nú trí’ in cúpla áit:

Níl aon uair a thagadh sé ná bhíodh **dó nú trí** leathphint fuiscí aige, (§86 | CBÉ, 1035: 474-475).

Thugadh sé **dó nú trí** laethanta ansan, (§292 | CBÉ, 968: 195-197).

D’fhéadfaí an t-alt cinnte a chur roimh na bunuimhreacha 2-10 agus roimh na huimhreacha pearsanta, ach tá tréith ar leith le haithint i gcanúint an Chrimhthanaigh maidir leis an úsáid a bhaineadh sé as an uimhir phearsanta ‘beirt’, focal ba leasc leis a úsáid i dteannta an ailt chinnte faoi mar is léir ón méid seo a leanas:

Cad é glisiam a bhí **age beirt** acu, (CBÉ, 621: 47-52).

D’ith **beirt acu** a ndóthain di, is ní raibh aon luíodú uirthi ná lár arna mháireach, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Thiomáin sé **beirt acu** ag triall ar na pílears, (§214 | CBÉ, 966: 566-569).

Ghaibh fear eile chuige. Theastaigh bhuaidh dul ag imirt chártaí. Chuaigh **beirt acu** ag imirt le chéile, (§373 | CBÉ, 967: 218-221).

Ba nós leis ainmfhocail dar thús ‘d’ a leanaíodh ‘beirt’ a shéimhiú, agus sampla de sin anseo againn:

Bhí **beirt dhaoine** uaisle i dteannta a chéile fadó, (§77 | CBÉ, 967: 201-203).

Agus, rud atá cloiste agam féin i gCorca Dhuibhne, bhí infhillleadh iolra na haidiachta aige ar lorg ‘beirt’ in áit amháin:

Do chuaigh sí féin agus an **bheirt óga** in airde ar an gclaí (§212 | CBÉ, 977: 334-338)

Agus níor leasc leis ‘dhá’ a úsáid leis thar ceann na huimhreach pearsanta ‘beirt’:

Bhí **dhá fhile** eile ann, (§444 | CBÉ, 968: 122-126).

Bhí **dhá fheirmeoir** fadó ann, agus do bhuaileadar lé chéile lá, (§73 | CBÉ, 967: 47-48).

Bhí an frása “dá druith” mar shampla ag Rudolf Thurneysen in *A Grammar of Old Irish*, agus é mar chuid den phlé ar an uimhir dhéach sa tSean-Ghaeilge aige: ‘in nominal inflexion, Old Irish has preserved the three numbers of Indo-European, singular (sg.) plural (pl.), and dual (du.). The dual is always accompanied by the numeral “two”’, (Thurneysen, 1946: 154-155). ‘Gabhann an uimhir dhéach’, a mhínigh an Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta, ‘d’alt agus d’ainm le *da*, ach chuaigh a díochlaonadh ar leith i léig de réir a chéile ón deichiú haois ar aghaidh. Níl fágtha di sa chaighdeán oifigiúil ach *dhá láimh*, *dhá bhois*, *dhá chluais*, *dhá chois*, *dhá bhróig*’, (Ó Fiannachta, 1981: 19). Dealraíonn sé gur fágadh a thuilleadh arís di i gcorpas an Chriomhthanaigh, bíodh is gur fánach le ceart iad an “dá” shampla seo:

Tháinig fear mar chliamhain isteach ar an mbaile seo, agus is amhla a fuair sé **dhá mhuic** ramhra ó mhuintir a chéile, (§417 | CBÉ, 1035: 165-172).

Do rug sé ar **dhá adhairc** air, is bhuail sé ar chnámh a dhroma é, (§394 | CBÉ, 981: 359-361).

Mar leis an aidiacht shealbhach a chur roimh uimhreacha, tá sé le tabhairt faoi deara sa sampla seo a leanas go ndíshéimhítear ‘dhá’, bun os cionn leis an nós a mholann an caighdeán:

Ní fhéadas **a dá shúil** a thógaint ó mhaidean di, (§3 | CBÉ, 977: 264-268).

‘A dhá’, gan amhras, a bheadh sa chaighdeán oifigiúil, agus sin é a fhaightear sa chéad sampla eile a n-eascraíonn pointe canúna eile as. Tá sé le tabhairt faoi deara anseo gurb é an dshéimhiú ar an ainmfhocal is toradh leis an aidiacht shealbhach, tríú pearsa baineann, a bheith roimh ‘dhá’ sa sampla seo a leanas:

Bhí sí suite istigh sa chomhra, agus sceon buille ina dhá súil, (§464 | CBÉ, 979: 193-198).

Urú ar an ainmfhocal ba thoradh leis an aidiacht shealbhach tríú pearsa iolra a bheith roimh an ainmfhocal sa sampla seo a leanas ina bhfuil sé le tabhairt faoi deara go bhféadfaí urú a chur ar ‘dá’ féin, mar fhoirm dhíshéimhithe de ‘dhá’:

Lúbaidís a ndá ghlúin beagáinín... Bíonn na mná ar a ndá nglúin, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Is é a thug Neil Ó Briain faoi deara agus é i mbun comparáid a dhéanamh idir an cleachtas stairiúil ó thaobh uimhreacha agus gnáis na glúine Duibhní is deireanaí ná ‘the speakers were not uniform in their use of the numbering system when counting a noun... there are a number of options available traditionally to a speaker in Corca Dhuibhne, as well as exceptions to be considered in the employment of initial mutation when used with the number system. Ó Sé ... details the options available,’ (2014: 41). Go deimhin agus tagann roinnt dá bhfuil i gcorpas an Chriomhthanaigh leis na roghanna a raibh cur síos orthu ag Diarmuid Ó Se a thug ‘sé fhóid’ agus ‘na naoi mhaideanacha san’ (Ó Sé, 2000: 226), .i., samplaí d’fhoirm iolra an ainmfhocail a shéimhiú ar lorg na huimhreach a bhfuil cosúlacht idir iad agus an méid seo a leanas ón gCrimhthanach:

Bhí cúig nú sé fheircíní ime aige, (§303 | CBÉ, 968: 283-284).

Bun os cionn atá an nós seo leis an nós caighdeánach ar a bhfuil míniú le fáil in FGB faoin iontráil ‘cúig’, uimhir a deirtear linn a bhíonn le fáil ‘[f]ollowed by [singular] or [plural] of noun & [plural]

of [adjective]; lenites initial consonant of [singular] noun'. Tá na samplaí seo a leanas ón gCrimhthnach ag teacht leis an gcaighdeán oifigiúil dá bhrí sin:

Thugadh sé dó nú **trí laethanta** ansan, (§292 | CBÉ, 968: 195-197).

Bhí **cheithre tithe** fichead ar an mbaile seo roimis an Drochshaol, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Ach nuair a bhí na **cúig deichniúir** ráite, sin é nuair a thosnaigh fear an tí ar leanúint siar, (§203 | CBÉ, 968: 27-28).

Agus is dócha go rabhas **cúig neoimítí** á cuardach, (§128 | CBÉ, 979: 73-79).

Is dóigh liom go raibh **hocht ceathrúna** fichead ann, (§362 | CBÉ, 968: 219-220).

Baineann guagacht cheart leis an ngné seo de ghramadach na canúna, agus is é a deir Diarmuid Ó Sé ina taobh ná gurb 'í an t-aon riail chinnte is féidir a leagadh síos ná go gcuireann 3-6 séimhiú ar ainm uathu dar tús consan... [is] minice séimhiú ar chonsan glórach ná ar chonsan neamhghlórach i ndiaidh 7-10, agus is deacair é sin a dheimhniú' (2000: 224). Dealraíonn sé ón méid seo a leanas mar shampla gur lom nó séimhithe is mó a bhíodh ainmfhocail ar lorg 'chúig':

Baineadh **chúig phúint** do, (§164 | CBÉ, 982: 274-275).

Chuaigh sí maidean ana-bhreá suas ar mhaolchnoicín ag crú **chúig cinn** do ghabhair, (§32 | CBÉ, 966: 516-517).

Thug an duine úd **chúig chéad** punt dá iníon chríonna, (CBÉ, 981: 369-372).

"Fuaireas", arsa é sin, "fuaireas **chúig phunt**", (§276 | CBÉ, 967: 126-131).

"Bhí **chúig phúint** ar a bhfeircín," (§423 | CBÉ, 1035: 315-319).

Tá 'ceathrú' ar cheann de na focail a ndeirtear in GCD 'foirmeacha iolra faoi leith' a bheith acu sa chomhaireamh. Is í 'ceathrúna' an fhoirm speisialta i gcás 'ceathrú', agus 'trí ceathrúna', gan séimhiú, i measc na samplaí a thugtar sa rannóg 'foirmeacha speisialta iolra' (Ó Sé, 2000: 227). 'Seacht ceathrúna' a bhí ag an gCrimhthnach sa sampla seo a leanas:

Dhein sé **seacht ceathrúna** i ndeabhadh a chéile, ach sin a bhfuil agamsa dho, (§389 | CBÉ, 966: 536-539).

Maidir le seachaint an athraithe tosaigh i gcomhthéacs na húsáide áirithe seo a bhaineann an Criomhthanach as an bhfocal 'ceathrú', deirtear gur 'i gcainteanna socra áirithe' amháin a bhíonn urú ar fhocail seachas 'ceann' (ibid: 226). Tá an chuma ar an scéal go raibh tuiscint ghinearálta ann gur ghá pé córas neamh-chomhseasmhach a bhí ann a athrú ar shlí éigin i struchtúir ghinideacha, agus is é an díshéimhiú ba thoradh leis an tuiscint sin sa chás seo a leanas:

Nuair a tháinig sé in aos a **chúig bliana** déag, (§252 | CBÉ, 967: 15-21).

Is é an míniú céanna ó thaobh an ghinidigh a d'fhéadfaí a thabhairt ar an méid seo a leanas:

Bhí bille **chúig bpunt**, (§XI | CBÉ, CT0320).

Thug sé bille **chúig bpunt** chúthu, (§316 | CBÉ, 968: 500-501).

Is é an t-infhilleadh ginideach seachas an t-athrú tosaigh ginideach a cuireadh sa siúl sa dá shampla aitiópúla seo a leanas:

I gcionn **dhá lae**, bhíodar ar fad iompaithe aige, (§189 | CBÉ, 977: 332-333).

Pósadh i gceann **cúpla lae** iad, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Scéal eile ar fad is ea uimhreacha agus ainmfhocail a bhaineann le cúrsaí ama. Bhí fianaise ag Ó Sé ar 'fichid' mar fhoirm san abairt 'bhí sé a hocht déag nó a naoi déag is trí fichid' (2000: 220), ach ní raibh aon sampla aige áfach de shéimhiú a dhul ar 'fichid' mar fhoirm ar lorg na huimhreach, faoi mar atá le feiscint sa mhéid seo a leanas:

Tá an seana-bhord san ansan chúig mbliana agus **trí fhichid**, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

Bhí 'seacht oíche na seachtaine' ag Ó Sé mar shampla de gan aon urú a bheith ar an ainmfhocal a bheadh faoi réir ag 'seacht' (2000: 225). Tá 'bliain' ar cheann eile de na focail a áiríonn Diarmuid Ó Sé mar fhocail a bhfuil foirmeacha iolra speisialta acu, agus an sampla seo a leanas aige a bhaineann le hábhar: 'má thiocfadh seacht bliana maith go dtiocfadh seacht bliana olca ina ndiaidh'

(2000: 227-228). An t-ainmneach iolra a bhí ag an gCrimhthanach san abairt ‘bhí sé ag maireachtaint go hana-mhaith ann, agus i gcionn trí mblianta, bhí sé ag imeacht, capall is cóiste aige ag dul ar chúram éigint’ (§462 | CBÉ, 966: 306-312), agus '[mblian]' curtha isteach ina dhiaidh mar cheartúcháin ag Seosamh Ó Dálaigh. Bhí an ghuagacht a bhain le láimhséail na huimhreach ‘seacht’ le clos ón gCrimhthanach laistigh d’aon mhír amháin. Idir ‘seacht blian’, ‘seacht bliana’, ‘seacht mblian’ ‘seacht mbliana’ agus ‘leanbh na seacht blian’ a bhí le fáil san insint a thug sé ar ‘Gile Gréine’ mar scéal.

Chuir sí an leabhar uirthi, gan é sin a dh’insint d’éinne go neosfadh sí do leanbh **seacht blian** gan baisteadh... gan é sin a dh’insint d’éinne go neosfadh sí dho leanbh **seacht bliana** gan baisteadh... ó lá go lá nó gur bhuail an leanbh **seacht mblian**... agus i gcionn **seacht mbliana**... dúirt sí liom é a dh’insint do leanbh na **seacht blian** gan baisteadh... agus duitse atáimse á dh’insint a leanbh na **seacht blian** gan baisteadh, (§IV | CBÉ, CT0319).

An té a thabharfadh faoi léamh a dhéanamh ar an éagsúlacht shuntasach seo ó thaobh na n-athruithe tosaigh agus úsáid an ailt, níor mhór dó a thabhairt faoi deara gur i dtuisil éagsúla a fhaightear na leaganacha faoi thrácht anseo – ainmneach (‘bhuail an leanbh seacht mblian’), gairmeach (‘a leanbh na seacht blian’), agus ginideach (‘i gcionn seacht mbliana’). Focal eile a bhfuil iolra speisialta aige ó thaobh cúrsaí comhairimh de is ea ‘fear’. Ba í an fhoirm iolra a bhíodh ag an gCrimhthanach dó ná ‘feara’, agus tá guagacht leis le haithint ar an sampla seo a leanas ina bhfaightear dhá uair í: ‘Bhí chúig fheara déag dubh ann, agus chúig feara déag bána’ (§274. §325 | CBÉ, 967: 234-235).

Is í an chonclúid is túisce a rithfeadh le duine i bhfianaise an méid sin ar fad ná nár bhain aon rialacha dochta le córas Chorca Dhuibhne mar le huimhreacha, agus b’fhéidir go bhféadfaí é sin a rá mar gheall ar chaint Sheáin Mhic Crimhthain. Ní hionann é sin agus a rá, áfach, nár chainteoir thar a bheith cruinn ab ea é, gan trácht ar an saibhreas lenar chuir sé é féin in iúl, agus beidh na sleachta atá curtha ar fáil sa chuntas seo ina áis luachmhar foghlamtha d’aon duine ar spéis leis Gaeilge Chorca Dhuibhne agus canúineolaíocht na Gaeilge.

Conclúidí

Is léir ón gcuntas thuas go bhfuil fianaise úrnua san eagrán seo, mar shampla, ar fhoirmeacha réamhfhoclacha nár luadh cheana le Corca Dhuibhne in aon chomhthéacs scoláiriúil, dála ‘thórsu’ mar fhorainm réamhfhoclach de ‘thar’, agus foirm an tuisil ghinidigh a bheith le fáil ar lorg an réamhfhocail ‘chuig’. Tá cur síos ar thréithe canúineolaíocha a cheanglódh an slíos thoir thuaidh de Chorca Dhuibhne le Contae Luimnigh agus le Contae an Chláir, agus a chuirfidh dá bharr sin le pictiúr níos iomláine a bheith againn de Ghaeilge na Mumhan trí chéile. Mar bharr ar an ábhar úrnua, tá breis samplaí anois ar fáil de ghnéithe den ghramadach a bhí tugtha chun solais ag Liam P. Ó Murchú (1983), Seán Ua Súilleabháin (1994), agus ag Diarmuid Ó Sé (2000). Agus maidir leis na samplaí den uimhir dhéach a fuarthas ann, tá fianaise le fáil againn ar ghné de ghramadach na teanga a shíneann siar go haimsir na Sean-Ghaeilge (Ó Fiannachta, 1981: 19; Thurneysen, 1946: 154-155).

Bhí sé mar cheann de spriocanna an tráchtais seo agam tabhairt faoi fhreastal a dhéanamh ar an gcuid thuaisceartach de leithinis Chorca Dhuibhne a bheadh níos iomláine ná mar a deineadh go dtí seo, agus is léir go bhfuil a leithéid curtha i gcrích leis na samplaí ar fad atá curtha ar fáil sa staidéar seo ar chaint Sheáin na Cille Mhic Criomhthain. Rud eile a éiríonn as na samplaí céanna, áfach, ná nach bhfuil deireadh againn le scéal na Gaeilge i gCorca Dhuibhne a insint, agus bímís ag súil dá bhrí sin go spreagfaidh an tráchtas seo a thuilleadh taighde fós i ngort seo na canúineolaíochta agus an bhéaloidis.

Léitheoireacht agus tagairtí

Foinsí clóite

- Aarne, A., (1916). *Der reiche Mann und sein Schwiegersohn*. FF Communications 23:
Helsinki.
- Aarne, A., agus Thompson, S., (1981). *The Types of the Folktale*. FF Communications 184:
Helsinki.
- Almqvist, B., (1977). *An Béaloideas agus an Litríocht: Léacht ag Caidreamh Scribhneoirí Chorca Dhuibhne*. Cló Dhuibhne: Baile an Fheirtéaraigh.
- , (1988). *Crossing the Border: A Sampler of Irish Migratory Legends about the Supernatural*,
Roinn Bhéaloideas Éireann: Baile Átha Cliath.
- , (1993). 'Seosamh Ó Dálaigh, 1909-1992', *Béaloideas*, 60/61: 295-300.
- , agus Ó Héalaí, eag., (2009). *Labharfad le Cách*. New Island: Baile Átha Cliath.
- , agus Ó Cathasaigh, R., eag., (2002). *Ó Bhéal Bhab*. Cló Iar-Chonnachta: Indreabhán.
- , agus Ó Cathasaigh, R., eag., (2010). *Coiglimis an Tine, Cnuasach Seanchais agus Scéalta Bhab Feirtéar*. Oidhreacht Chorca Dhuibhne: Baile an Fheirtéaraigh.
- Bergin, O., agus Ó Cuív, S., (1916). *The Irish verb simplified*. Educational Company of
Ireland: Baile Átha Cliath.
- Bergin, O., eag., (1930), *Stories from Keating's History of Ireland*. Baile Átha Cliath.
- Breathnach, P. A., (1977). 'Medieval Traditions from West Munster', *Studia Hibernica*,
Uimh. 17/18, lgh. 58–70.
- Briody, M., (2007). *The Irish Folklore Commission 1935-1970: History, Ideology and Methodology*, Folkloristica 17: Helsinki.
- Burns, M., (2003). *Raconte-moi ce que tu as vu l'Irlande*. Planet Rebelle: Montréal.
- Cahalan, J.M., (2005). 'Irish comedy', in *Comedy: A Geographic and Historical Guide*,
Volume 2, M. Charney, eag., Greenwood Publishing Group: Londain, 380–393.
- Champneys, A.C., (1910). *Irish Ecclesiastical Architecture*. George Bell and Sons:

Londain.

Cross, T.P., (1952). *Motif-Index of Early Irish Literature*, Indian University Press:

Bloomington.

De Brún, P., (2001). “Pé rí bheas i gcoróin”: Seán Caoch Ó Cearbhaill agus an tiarna talún’, in *Northern Lights - Following Folklore in North-Western Europe*, S. Ó Catháin, eag., 115-124, Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath: Baile Átha Cliath.

Dégh, L., (1989). *Folktales and Society: Story-Telling in a Hungarian Peasant Community*. Indiana University Press: Bloomington.

De Rís, S., (1969). *Peadar Ó Doirnín : a bheatha agus a shaothar*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.

Dinneen, P., (1908). *Rí na mBréag .i. an treas roinn de sgéaluidheacht Chúige Mumhan*. Cumann na Scríbhneann nGaedhilge: Baile Átha Cliath.

–., (1927). *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Comhlacht Oideachais na hÉireann: Baile Átha Cliath.

– (1934). *Dánta Phiarais Feiritéir*. Oifig Díolta Foillseachácháin Rialtais: Baile Átha Cliath.

Dwelly, E., (1864). *Illustrated Gaelic Dictionary*. Fleet, Hants: Londain.

Fowler, H. W., (1976). *Concise Oxford Dictionary*. Oxford University Press: Oxford.

Friel, B., (1981). *Translations*. Faber: Londain

[gan údar], (2002). ‘Professor Hermann Pálsson, Icelandic scholar and translator’, *The Scotsman*, 19 Lúnasa, [ar líne] <http://www.scotsman.com/news/obituaries/professor-hermann-p-225-lsson-1-617804#axzz3pDJ7F8FV>, léite ar an 17 Nollaig.

Gein 18: 27-33, *An Bíobla Naofa*, An Sagart: An Daingean.

Griffiths, A., (1970). ‘The Irish Board of Works in the Famine Years’, *The Historical Journal*, 13(4), 634-652.

Hardie, K., (1995). ‘Kilmalkedar Church, Co. Kerry’, *The Poetry Ireland Review*, 47: 5.

Henebry, R., (1898). *Sounds of Munster Irish*. An Clóchomhar: Baile Átha Cliath

- Hettman, F., (2015). *Irische Märchen: Zum Erzählen und Vorlesen*. Königsfurt-Urania Verlag: Krummswisch.
- Heywood, J., (1874). *The Proverbs of John Heywood*. George Bell: Londain.
- Hill, A., (1869). 'Kilmalkedar', *The Journal of the Historical and Archaeological Association of Ireland*, 1(2): 560-564.
- Hillers, B., (1995). 'The Abbot of Druimenaig: Genderbending in Gaelic Tradition', in *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*, 15, 175–197.
- Jarrel, M. L., (1964). '“Jack and the Dane”: Swift Traditions in Ireland', *The Journal of American Folklore*, 77(34): 99-117.
- Lee, R., (2004). 'Recording Technologies and the Interview in Sociology, 1920–2000', *Sociology*, 38(5): 869-889.
- Lewandowski, E.J., (2001). *The Complete Costume Dictionary*. The Scarecrow Press: Lanham, Maryland.
- Mac an tSaoi, M., (2011). *An Paróiste Míorúilteach*. O'Brien Press: Baile Átha Cliath.
- Mac an tSionnaigh, S., (2015). 'Seoda Ghaeilge Luimnigh', *Comhar*, 75/7, 18-20.
- ., (2017). 'Convictions et contradictions : analyse de l'opposition à la reconstruction de la langue irlandaise' in *Construction / déconstruction des identités linguistiques*, Berkaine M., Dahou C., Kismarck A. agus Roche F., eag., 367-388, Editions Connaissances et Savoirs: Páras.
- Mac Cárthaigh, C., (2015). *Supernatural maritime narratives in a West Kerry Fishing Community: problems of genre classification, context and interpretation*, tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- Mac Clúin, S., (1922i). *Réilthíní Óir, I*, An Comhlucht Oideachais: Baile Átha Cliath.
- ., (1922ii). *Réilthíní Óir, II*, An Comhlucht Oideachais: Baile Átha Cliath.
- Mac Gearailt, B., (2010). *An Blas Muimhneach Iml. II*, Coiscéim: Baile Átha Cliath.
- ., (2016)., 'Ó Mhárthain', *Corca Dhuibhne Beo*, Uimh. 190, 30.

- Mac Gearailt, P., (2015). ‘Bainne an ghabhair bháin’, amhrán a canadh mar chuid de chomórtas Chorn Uí Riada ag Oireachtas na Samhna i mBaile Átha Cliath ar an 31 Deireadh Fómhair.
- Mac Síthigh, D., (2007). *Súil Seilge*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.
- , (2017). ‘An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta — scéal trí scéal’, caint a tugadh mar chuid de *Léachtaí Chom Cille XLVIII* i nDaingean Uí Chúis ar an 22 Aibreán.
- Murphy, G., (1942). ‘The Puzzle of the Thirty Counters’, *Béaloideas*, 12(1/2), 3-28.
- Nic Eoin, M., (2010). ‘Old pro at the heart of Blasket Life’, 10 Bealtaine, [ar líne], <http://www.irishtimes.com/culture/books/old-pro-at-the-heart-of-blasket-life-1.1272376> léite ar an 29 Aibreán 2017.
- Mac Seáin, P., (2016). *Séarlaí Mac Anna & Mé Fhéin*. Coiscéim: Baile Átha Cliath
- Mag Fhloinn, B., (2017). *The Feast of St. Martin in Ireland*. FF Communications 310: Helsinki.
- Muldowny, P., (2009). *Eoghan Rua Ó Súilleabháin: Dánta*. Aubane Historical Society: Corcaigh.
- Nic Pháidín, C., (1987). *Cnuasach Focal ó Uíbh Ráthach*. Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath.
- Nic Shuibhne, F., (1992). “‘On the Straw” and Other Aspects of Pregnancy and Childbirth from the Oral Tradition of Women in Ulster,’ *Ulster Folklife*, 38, 12-24.
- Ní Dhomhnaill, N., (1984). *Féar Suaithinseach*. An Sagart: Maigh Nuad.
- Ó Briain, M., (1985). ‘Cluasa Capaill ar an Rí: AT 782 i dTraidisiún na hÉireann’, *Béaloideas*, 53, 11-74.
- Ó Briain, N., (2014). *Assessing language change in the Irish of young native speakers in Corca Dhuibhne*, tráchtas M.A., Radboud Universiteit Nijmegen, Nijmegen.
- O'Brien, G., (1982). ‘The Establishment of Poor-Law Unions in Ireland, 1838-43’ in *Irish Historical Studies*, 23(90), 97-120.
- Ó Buachalla, B., (2009). *Eoghan Rua Ó Súilleabhain*. Field Day Publications: Baile Átha Cliath.

- Ó Cadhain, M., (1969). *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. Misneach: Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhla, S., (2011). *An tSlat Féithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800–2000*. Cló Iar-Chonnachta: Indreabhán.
- Ó Catháin, I., (2011). *Micheál [sic] Breathnach agus Traidisiún na Scéalaíocht in Iar Chonamara*, tráchtas Phd, Colaiste Mhuire Gan Smál, Luimneach.
- Ó Cíobháin, P., (2014). *Novella Eile*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.
- O'Connor, A., (1986). *Léirmheas ar Women's Folklore: Women's Culture*, Jordan, R.A., agus Kalik, S.J., ead., University of Pennsylvania Press: Pennsylvania.
- Ó Criomhthain, S., (1991), *Lá Dár Saol*, Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath.
- Ó Criomhthain, T., (1956). *Seanchas ón Oileán Tiar*, S. Ó Duilearga. ead., Comhlacht Oideachais na hÉireann: Baile Átha Cliath.
- Ó Cuív, S., (1943). 'Sacraimint na hOla Dhéanaighe', *Éigse*, 3, 350.
- (1952). *Párlaimint na mBan*, Institiúid Árd-Léinn Bhaile Átha Cliath: Baile Átha Cliath
- Ó Danachair, K., ead., (1976). *In Folk and Farm: Essays in Honour of Anthony T. Lucas*. Royal Society of Antiquaries of Ireland: Baile Átha Cliath.
- Ó Dónaill, N., (1977). *Foclóir Gaeilge Béarla*, An Gúm: Baile Átha Cliath.
- Ó Dubhda, S., (1933). *Duanaire Duibhneach*, Clóchuallacht Fodhla: Baile Átha Cliath.
- (1939). 'Measgra ó Dhuibhneachaibh', *Béalóideas*, 4/11, 245-288.
- (1941). 'Eachtraí ar Dhomhnall Ó Conaill: I', *Béalóideas*, 1/2(11), 116-125.
- (1948). 'Díoghlaím Duibhneach', *Béalóideas*, 1/2(18): 71-113.
- Ó Dubhshláine, M., (2000). *An Baol Dom Tú? Muintir Chorca Dhuibhne agus an Ghaeilge 1860-1940*, Conradh na Gaeilge: Baile Átha Cliath.
- Ó Duilearga, S. (1945). 'The Gaelic Story-Teller, With Some Notes on Gaelic Folk-Tales, The Sir John Rhys Memorial Lecture', *The Proceedings of the British Academy*, XXXI, Londain.

- ., ead., (1964). *Leabhar Sheáin Í Chonaill*, Brún agus Ó Nualláin Teoranta:
Baile Átha Cliath.
- ., ead., (1981). *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*, Comhairle Bhéaloideas Éireann:
Baile Átha Cliath.
- Ó Fiannachta, P., (1981). *Sean-Ghaeilge gan dua*. An Sagart: An Daingean.
- Ó Giolláin, D., (2000). *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity*. Cork University Press: Cork.
- (2005). *An Dúchas agus An Domhan*, Cló Ollscoile Chorcaí: Corcaigh.
- Ó hAllmhuráin, G., (2016). *Flowing Tides: History and Memory in an Irish Soundscape*.
Oxford University Press: Nua-Eabhrac.
- Ó Héalaí, P., (2016). *An Slánaitheoir ag siúl ar an talamh*. An Sagart: An Daingean.
- Ó hÓgáin, D., (1976). ‘An É an tAm Fós É’, *Béaloideas*, 42/44: 213-308.
- (2015), ‘Aithint agus ainmniú sna rannscéalta’, in *Sacred Histories: a festschrift for Máire Herbert*, in Carey, J., Murray, K., agus Ó Dochartaigh, C., ead., 293-304, Fourt Courts Press: Baile Átha Cliath.
- Ó hÓgáin, E., (1984). *Díolaim Focal (A) ó Chorca Dhuibhne*, Acadamh Ríoga na hÉireann: Baile Átha Cliath..
- Ó Lubhaing, B., (1998). *Ceann Trá a hAon*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.
- Ó Máille, T.S., (1990). ‘Kilmalkedar’, *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, 14(1): 58-67.
- Ó Mórdha, D., (2013). *Scéal Shéamais Bhig*, An Sagart: An Daingean
- Ó Muirí, D., (2002). ‘An Cúlra Dlíthiúil leis an Bharántas’, in *Téada Dúchais*, Ó Briain, M., agus Ó Héalaí, P., ead., 423 – 444, Cló Iarchonnacht: Conamara.
- Ó Muirthe, D., (1980). *An tAmhrán Macarónach*. An Clóchomhar: Baile Átha Cliath.
- Ó Murchú, L.P., (1983). ‘Na Forainmneacha’, in *Folia Gadelica*, De Brún, P., Coileáin, S., agus Ó Riain, P., ead., Cork University Press: Corcaigh.

- O’Nolan, G., (1919). *Studies in Modern Irish Part I*, The Educational Company of Ireland: Baile Átha Cliath.
- O’Rahilly, T.F., (1932). *A Miscellany of Irish Proverbs*. The Talbot Press: Baile Átha Cliath.
- ., (1956). *Irish Dialects Past and Present*, Dublin Institute for Advanced Studies, Baile Átha Cliath.
- Ó Riordáin, S., (1964). *Brosna*, Sáirséal agus Dill: Baile Átha Cliath.
- Ó Ruairc, M., (1998). *Dán is Céad ón Leitriúch*, Coiscéim: Baile Átha Cliath
- Ó Scanláin, M., (2009). *An Mám Ó Dheas*, An Sagart, An Daingean.
- Ó Sé, C., (2001). *Traidisiún na Scéalaíochta i gCorca Dhuibhne*, Coiscéim: Baile Átha Cliath.
- Ó Sé, D., (2000). *Gaeilge Chorca Dhuibhne*, Institiúid Teangeolaíochta Éireann: Baile Átha Cliath.
- Ó Siochfhradha, P., (2003). *Seanfhocail na Mumhan*, P. Ua Maoileoin, eag., An Gúm: Baile Átha Cliath.
- Ó Súilleabháin, M., (1998). *Fiche Bliain ag Fás*, An Sagart: An Daingean.
- Ó Súilleabháin, S., (1942). *A Handbook of Irish Folklore*. Folklore Society of Ireland: Baile Átha Cliath.
- , eag. agus ais., (1999). *Folktales of Ireland*. University of Chicago Press: Chicago.
- Ó Súilleabháin, S., agus Christiansen, R. (1963). *The Types of the Irish Folktale*, FF Communications 188: Helsinki.
- Ó Tuathaigh, G., (1972). *Ireland before the famine 1798 – 1848*. Gill and MacMillan: Baile Átha Cliath
- Ó hUiginn, R., (1994). ‘Gaeilge Chonnacht’ in *Stair na Gaeilge*, McCone et. al, eag., 539–609, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig: Maigh Nuad.
- 1 Ríthe 3: 16-28, *An Bíobla Naofa*, An Sagart: An Daingean.
- Ross, M., (1998). 'Anchors in a Three-Decker World', *Folklore*, 109: 63-75.

- Rouse, W.H.D., (1905). ‘Folk-Lore of the Negroes of Jamaica (continued)’, *Folklore transactions of the folklore society*, 16(1), 68-77.
- Shipp J., (1806). *Cases in Farriery; in which the diseases of horses are treated on the principles of the Veterinary School of Medicine*, Edward Baines: Leeds.
- Sjoestedt, M.L., (1938). *Phonétique d’un parler irlandais de Kerry*. Leroux: Páras..
- Sumner, N., (2016). *A Catalogue of Fenian Folklore*, Tráchtas PhD, Harvard University, Cambridge.
- Thompson, S., (1955-8). *Motif-Index of Folk-Literature*, I-VI, Indiana University Press: Bloomington.
- Thurneysen, R., (1946). *A Grammar of Old Irish*. The Dublin Institute for Advanced Studies: Baile Átha Cliath.
- Tyers, P., (1999). *Abair Leat: Seosamh Ó Dálaigh 1909-1992*. An Sagart: An Daingean,
- Ua Cearnaigh, S., (2007). *An Gobán Saor*. An Gúm: Baile Átha Cliath.
- Ua Maoileoin, P., (1960). *Na hAird Ó Thuaidh*. Sáirséal & Dill: Baile Átha Cliath.
- ., (1978). *Fonn a Níos Fiach*. Carbad: Baile Átha Cliath.
- Ua Súilleabháin, S., (1994). ‘Gaeilge na Mumhan’ in *Stair na Gaeilge*, eag. McCone et. al, Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig: Maigh Nuad, 479 – 538.
- Uí Chonchubhair, M., (1995). *Flóra Chorca Dhuibhne*. Oidhreacht Chorca Dhuibhne: Baile an Fheirtéaraigh
- Uí hÓgáin, R., (1984). *An rí gan choróin – Dónall Ó Conaill sa bhéaloideas*. An Clóchomhar: Baile Átha Cliath
- Uther, H. J., (2004). *The Types of the International Folktakes*, I-II, Academia Scientiarum Fennica: Helsinki.
- Wagner, H., (1958). *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects, iml. 1*. Baile Átha Cliath.
- ., (1958). *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects, iml. 2*, Baile Átha Cliath.
- Ward, A. (1974). *The Grammatical Structure of Munster Irish*, tráchtas PhD, Coláiste na

hOllscoile Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.

Webb, D. (2016). 'Gerald O'Nolan's approach to Peadar Ua Laoghaire's Irish', *Éigse*, 31: 282-318.

Westropp, T. J., (1891). 'Kilmalkedar', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland*, 1(8): 715.

Wheatley, H.B., (1885). ead., *The History of Sir Richard Whittington, by T. H. Chapbooks and Folklore Tracts*. The Villon Society: Londain.

Whitaker, T.K., in Dundes, A., (1999), *International Folkloristics: Classic Contributions by the Founders of Folklore*, Rowman & Littlefield: Lanham.

Young, E., (1992). *The Wonder-Smith and His Son*. Dufour Editions: Chester Springs.

Verling, M., (2007). *Leabhar Mhaidhc Dháith*. An Sagart: An Daingean.

Agallaimh agus comhfhreagras príobháideach

Mac Aoidh, S., (2017). Comhfhreagras príobháideach ar an 29 Aibreán.

Ní Bheaglaoich, S., (2017). Comhfhreagras príobháideach ar an 24 Aibreán.

Ó Cathasaigh, R., (2017). Comhfhreagras príobháideach ar an 25 Eanáir.

Ó Cíobháin, B., (2017). Agallamh a deineadh ar an 28 Bealtaine.

Nic Criomhthain, B., (2016). Agallamh a deineadh ar an 11 Meán Fómhair.

Mac Gearailt, B., (2016). Agallamh a deineadh ar an 30 Deireadh Fómhair.

Mac Gearailt, M., (2017). Comhfhreagras príobháideach ar an 19 Bealtaine.

Ó Murchú, T., (2016). Comhfhreagras príobháideach ar an 12 Samhain.

Ó Loinsigh, E., (2017). Comhfhreagras príobháideach ar an 19 Bealtaine.

Kelliher, C., (2016). Comhfhreagras príobháideach ar an 23 Deireadh Fómhair.

Ní Mhaonaigh, T., (2017). Comhfhreagras príobháideach maidir le *Croidhe Cainnte Chiarraí* le Seán Óg Caomhánach ar an 9 Bealtaine.

Ní Shé, H., (2016). Comhfhreagras príobháideach ar an 18 Meán Fómhair, 2016.

Suímh idirlín

Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Daonáireamh na hÉireann, 1901

Baker, Tom: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002477909/>, faighte an 16 Feabhra, 2017

Bensons, George: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000862361/>, faighte an 29 Iúil, 2016.

Dagg, William: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861000/>, faighte an 29 Márta, 2017.

faighte an 13 Márta, 2016.

Goodman, Parson: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861538/>,

Hudson, Robert: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861414/>, faighte an 22 Nollaig, 2016.

Mac Criomhthain, Seán: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000862359/>, faighte an 23 Aibreán, 2014.

Bean Mhic Criomhthain, Maighréad:

<http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000862359/>, faighte an 23 Aibreán, 2014.

Ó Súilleabháin, Mícheál: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861152/>, faighte an 23 Feabhra, 2017.

Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Daonáireamh na hÉireann, 1911

Dagg, William: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002478242/>, faighte an 24 Eanáir, 2017.

Cill Maoilchéadair: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002517838/>, faighte an 27 Bealtaine, 2017.

Mac Criomhthain, Seán: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002517852/>,
faighte an 23 Aibreán, 2014.

Bean Mhic Criomhthain, Máiréad:

<http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002517852/>, faighte an 23 Aibreán,
2014.

Ó Móinbhiol, Seán: <http://census.nationalarchives.ie/reels/nai002479711/>, faighte an 11
Márta, 2017

Walker, Seán: <http://census.nationalarchives.ie/reels/nai002517619/>, faighte an 21
Deireadh Fómhair, 2016.

An Saol ó Dheas, RTÉ Raidió na Gaeltachta

Plé ar an seanchas a bailíodh ó Sheán Mac Criomhthain, eagrán an 7 Meitheamh 2016 ar fáil
ar <https://goo.gl/kvrdol>, faighte 23 Bealtaine, 2017.

Pádraig Ó Nualláin ag caint ar Lord Ventry, eagrán an 17 Feabhra 2017, ar fáil ag ,
faighte 28 Bealtaine, 2017.

YouTube

‘Bhí pósadh i nGeaililí’, <https://goo.gl/ftpdPg>, faighte an 24 Nollaig, 2016.

‘The vocative case on people's mouths: the Irish Folklore Commission and illiterate
linguistics’, <https://goo.gl/kzWAOK>, faighte an 26 Márta, 2017

‘Scothsheanchas Sheáin Mhic Criomhthain’, <https://goo.gl/3dXpNh>, faighte an 30
Bealtaine 2017.

Electronic Dictionary of the Irish Language

crimthan(n): <http://dil.ie/12943>, faighte an 4 Aibreán, 2017.

dadom: <http://dil.ie/14122>, faighte an 6 Meitheamh, 2017.

Ceirníní

Beaglaioich, B., (2002). *Oíche go maidean*, Féinfhoilsithe: Cuas an Bhodaigh.

Bennett, M., (2003). *Grit*, Real World: Wiltshire.

Mercier, P., agus Ó Sé, S., (1978). *One Day for Recreation*, Circa Records: Londain

Na Caisidigh, (1997). *Oró na Casaidigh – Irish Childhood Songs*. Gael Linn: Baile Átha Cliath.

Ó Riada, P., agus Ó Sé, S., (2005). *Idir Cúm Thóla agus Cúil Aodha*, Gael Linn: Baile Átha Cliath.

Ó Súilleabháin, B., (1995). *Bruach na Carraige Báine*, Cló Iar-Chonnachta: Indreabhán.

Aguisín 1: Gluaiseanna

Nóta ginearálta ar na gluaiseanna

Baintear leas as foinsí tánaisteacha i dtreo míniú a thabhairt ar na focail a fhaightear sna gluaiseanna seo, ach is sleachta a tógadh díreach glan ó chaint an tseanchaí go príomha a cuireadh ar fáil mar shainmhínithe. Tá sé le tuiscint as ábhar a cuireadh idir comharthaí athfhriotail gan aon údar ar leith a bheith luaite go sonraíoch leis gur Seán Mac Criomhthain a dúirt. Níor tugadh aon mhíniú breise ar logainmneacha agus ná ar ainmneacha daoine nár dhein an Criomhthanach ach tagairt fhánach dóibh. Níor mhór tabhairt faoi innéacs d'ainmneacha na ndaoine agus do léarscáil do na logainmneacha is suaithinsí amach anseo, áfach. Liostaí focal, i ndáiríre, atá sa mhéid seo a leanas. Idir chás íochtair agus chás uachtair a bhíonn ag túslitreacha na gceannfhocal, ag brath ar an ngnás a fhaightear i míreanna seanchais an eagráin seo. De réir na haibítre a leagadh amach na ceannfhocail, ach tabharfar faoi deara nár chuir na hait chinnite isteach ar ord na gceannfhocal. Tabharfar faoi deara, leis, gur de réir an tsloinne, seachas túslitir an cheannfhocail, atá na gluaiseanna *Ainmneacha daoine* agus *Ainmneacha daoine a raibh teidil orthu* leagtha amach. Braithim go bhfuil an chomharthaíocht a fhaightear sna gluaiseanna seo féinmhínitheach go leor, ach amháin nár mhiste a thabhairt le fios gurb é a chuireann '=' in iúl mar chomhartha ná crostagairt chuig FGB nó chuig www.logainm.ie.

Focail agus frásaí Gaeilge nach dtugtar in FGB nó a mbaintear ciall neamhghnách astu

agha, = aghaidh.

áintí, aintí, = aintín..

alsún, = brealsún.

alsúnta, .i., aidiacht a bunaíodh ar ‘alsún’ thuas.

alltach, = Ultach. Tá an chiall a bhí i gceist ag an gCrimhthach agus an focal seo á rá aige luaite in IED: “**Ultach**, –**aighe**, *a.*, [...] magical [...] **bean U.**, an Ulster woman, *smt.* a witch, a cruel woman; *sm.* an Ulsterman [...] a magician [...] *al.* **Olltach**”. Is é a deirtear san iontráil faoin gceannfhocal ‘Olltach’ sa bhfoclóir ná gur leagan Muimhneach é sin den fhocal ‘Ultach’. Is é an fuaimniú céanna a chuirtear in iúl in *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire* (Ó Duilearga, 1981: 279). Bhí treoir faighte ag bailitheoirí an Choimisiúin eolas ar an “m[h]ná allthacha” a lorg ar a gcuid faisnéisithe (Ó Súilleabháin, 1942: 389). Mar ‘allt(h)ach mná’ a bhíodh an leagan seo le fáil ag Seán Mac Crimhthain: “Chuala trácht ar fhear a chuaigh ag lorg leighis ar **alltach mná**,” (§115 | CBÉ, 936: 428-429). Is féidir gur tosnaíodh ar ‘Ultach’ a réadú mar ‘alltach’ sa chomhthéacs seo faoi anáil an fhocail ‘alltacht’ thíos, a mbaineann sanasáiocht eile ar fad leis ach a bhfuil brí chosúil i gceist.

alltach(t), is fearr a thagann an úsáid aidiachtach a bhaineadh Seán Mac Crimhthain as an ainmfhocal seo mar chuid den fhrása “bean allt(h)acht” srl., leis an iontráil in IED faoin gceannfhocal céanna: “**alltacht**, –*a, f.*, [...] mystification; **tá draoidheacht agus a. air**”.

ambasa, = ambaiste.

amhla, = amhlaidh.

amhlait, = amhailt.

anuiridh, = anuraidh.

aonacht, = éineacht. Mar ‘aoch’ a tras-scríobhadh an leagan seo go minic sna lámhscríbhinní. c.f. chomh maith “dob éigean di mé a scaoileadh in **aonacht** léi” mar shampla den litriú céanna a bheith in úsáid in *An tOileánach*, (Ó Crimhthain, 2002: 3).

ardsportaeir, .i., duine gur mór an spórt é nó í. c.f. **spórtáil** thíos.

as(t)achán, astúchán, = achasán.

atairrig, = atarraing.

áth, “**áth** is ea áit a bhíodh coirce á chrua ar thine” (§174 | CBÉ, 982: 278-281); “**áth** a bhí ann fadó mar a mbíodh arbhar á loscadh” (§417 | CBÉ, 1035: 165-172).

báicéirí, = báicéir.

bailimh, = bailigh.

bairlín, = braillín.

ballach, úsáidtear an t-ainmfhocal seo sa bhfrása “ar a ballach”, agus dealraíonn sé gur “ar ball” nó a leithéid is ciall leis. Chuaigh díom foinse eile a aimsiú inar luadh an leagan seo, agus ní raibh sé ag an gCrimhthach ach in dhá mhír ar fad: “Ná bíodh aon dearúd ort,” arsa é sin, “ar a ballach ná go bhfuil díoltha agam as san”, (§81 | CBÉ, 968: 163-165).

banarthla, = banaltra. Bhí leagan meititéiseach Mhic Crimhthain den fhocal seo scríofa go haonarach ar leathanach lámhscríbhinne CBÉ 1717: 76. Is léir gur bhraith Seán Ó Dubhda, scríobhaí, gur foirm shuaithinseach a bhí ann.

bascalach, = deir Mícheál Mac Gearailt (2017) liom gur focal é seo a d’úsáidtí i dtaca le stíl ghruaige “néata”, agus is iad na haidiachtaí comhchiallacha Béarla a tugadh in IED ar leagan eile den fhocal, ‘bastallach’, ná “gay, showy, flashy, impudent”.

beailit, = bailéad.

béalbheartha, comhfhocal ainmfhoclach a úsáidtear mar chuid den fhrása reamhfhoclach “imbéalbheartha” a fhreagraíonn do “i mbéal beirthe” i bhfoclóir Uí Dhónaill. Faightear foirm dhealaithe “(m)béal bearta” go hannamh, leis.

bearstar, .i., ‘barrister’ an Bhéarla.

beoghlórmhar, .i., glórach, glórmhar, srl.

bile pléisiúir, “bhí **bile pléisiúir** ina ghairdín aige. Tá a fhios agat cad é an rud **bile pléisiúir** – crann beag, agus bhí cathaoir aige in aice leis,” (§471 | CBÉ, 967: 490-500).

bogarna, is focal é seo a bhí idir uaschamóga ag Seosamh Ó Dálaigh i lámhscríbhinn CBÉ, 965: 560-562 (c.f. §151). Tá a leithéid d'fhocal agus 'bogarnach' in FGB, agus 'dangling' a thugtar mar aistriúchán Béarla air. D'fhéadfaí an chiall sin a shíneadh amach i bhfianaise na húsáide a bhaineadh Seán Mac Criomhthain as go mbainfí “duine díomhaoín’ mar bhrí as. Is é an bhrí chéanna a a bhaintear as leagan eile den fhocal céanna sa chnuasach gearrscéalta *Novella Eile* le Pádraig Ó Cíobháin: “Ní deir na stróinséirithe éinní ach chomh beag [...] ina mbogairí ag maoithneachas an té nár chaith broic le callshaoth an tsaoil mar bhíodh dá dtugadar a n-urraim” (Ó Cíobháin, 2014: 7).

bonsach, tá an focal seo mar cheannfhocal in FGB, ach ba é seo an nóta lámhscríbhinne a sholáthair SÓD ar ócáid amháin ar ar bhain an Criomhthanach úsáid as: “bonsach a bhíodh ag comhrac acu fadó, maide maith fada, agus iall air á cheangal do na laoithe, agus ferrel iarainn air”. Is é atá i gceist le 'ferrel' dar leis an *Concise Oxford Dictionary* ná “metal ring or cap strengthening end of stick or tube; band strengthening or forming joint,” (Fowler, 1976: 385).

braimichín, .i., bramach beag.

bráthairín, “nuair a bhíodh bean ag déanamh císte fadó, bhíodh na leanaí ag faire ar **bhráthairín** dh'fháil, is é sin, blúire dhon dtaos, agus dheinidís fear as, nú dheineadh cuid acu saighdiúir,” (§66 | CBÉ, 1178: 479).

borlach, = brollach.

an Bhreasail, .i., oileán draíochtúil a mbíodh radharc go sealadach air. ‘An Bhreasail’ is teideal do dhán le Domhnall Mac Síthigh a thug le fios go mbeadh “Breasaíl na scéalta draíochtúla” le feiceáil amuigh sa bhfarraige ag an té a bheadh ina sheasamh ar Bhinn na Tine i ngiorracht do Theamhar an Bhaile Uachtaraigh (Mac an tSíthigh. 2007: 38). Ní miste a lua go bhfuil a leithéid de logainm agus ‘Cnoc Breasaíl’ in Uíbh Ráthach tamall maith laistear de Theamhar an Bhaile Uachtaraigh, gan trácht ar 'Baile Uí Bhreasail' a bheith le fáil i gCill Chainnigh, i Loch Garman, agus i gCorcaigh chomh maith.

bráca Cearbhaill ort, mallacht láidir go leor ab ea é seo, agus bhí an míniú seo a leanas ar bhunús na mallachta ag Seán Mac Criomhthain: “fear ab ea Cearbhall go raibh a lán rudaí déanta as an slí aige, agus nuair a fuair sé bás, chonaiceathas ina dhia’ san é, agus é ag tarrac bráca mór trom trí chlocha agus trí charraigeacha”, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119).

bran, focal Gaeilge is ea é seo, má ghlahtar leis an tslat tomhais go n-infhilltear é agus go dtéann athruithe tosaigh i bhfeidhm air, ach is ón mBéarla a tháinig sé isteach sa chanúint, agus is é an sainmhíniú Béarla sa *Concise Oxford Dictionary* 1976 ná “husks of grain separated from flour after grinding,” (Fowler, 1976: 385). Is mar seo a leanas a bhí an focal le fáil i gcaint Sheáin Mhic Criomhthain: “is é an áit a bhí an mac, ag bailiú an bhrain, agus á chur ina phóca, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184). Níor mhiste a thabhairt le fios ach an oiread gur mar ‘bhruin’ a thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh an focal seo.

bricfeast, = bricfeasta.

brioscghlas, .i., glas a bheadh briosc.

an buachaill, .i., an diabhal.

buna-dhearg, .i., bundearg, nó beagnach deargaithe.

bun caladh, baintear feidhm dhobhriathartha as an bhfrása seo ar “ó bhun an chalaigh’ is ciall leis.

burdach, = bradach.

burdán, = bradán.

cáirtín, = cárt. Is le cion ar an ‘cárt’ i gcomhthéacs an ólacháin a bhaintear úsáid as an díspeagadh ceana “cairtín”, agus is sa chomhlogaíocht “cairtín dí” amháin a bhíodh sé le fáil i gcorpas an Chriomhthanaigh: “‘Á mbeadh ag an nduine seo,’ arsa é sin, ‘gloine agus cáirtín dí, do neosfadh sé tréithreacha gan allas gan náire dhíbh’”, (§389 | CBÉ, 966: 536-539).

cáise, = cáis.

caisreabhán, = caisearbhán.

Caitliocaí, = Caitliceach.

canachthaobh, = canathaobh. Luaigh Seosaimhín Ní Bheaglaoich go mbaineadh sí féin agus a cuid comhaoiseach leas féinchoinsiasach as ‘canachthaobh’ mar leagan nuair a bhídís i mbun aithris mhagúil a dhéanamh ar an seanchleas lena n-óige (Ní Bheaglaoich, 2017).

carraigín, .i., ceirín a chuirtear ar ghéag ghortaithe. Níor mhiste sampla a thabhairt ó chaint an tseanchaí: “is mó rud a trialladh léi faid a bhí [mo chois] tinn. Tháinig bean isteach lá, agus d’fhiarthaigh sé dom máthair. ‘An gcuiris an **carraigín** léi?’ ar sise. ‘Cuir ceirí don **gcarraigín** léi’, ar sise, ‘agus b’fhéidir go ndéanfadh sé maitheas di’. Chuir mo mháthair an plástra lem chois, ach ní fheaca-sa an plástra go dtí go raibh sí á bhaint díom. Cad a bhí ann, ach soláthar an duine. Sin é an ‘**carraigín**’. An ‘**carraigín**’ a thug sí siúd air ach go háirithe,” (CBÉ, 982: 344-351).

carra-shleamhnán, “bhíodh **carra-shleamhnáin** acu, agus tá siad san fós acu. Ní bhíodh aon roth fúthu. Bhíodar ann roimis na cartacha, ach iad ag tarrac i ndiaidh na gcapall. Bhíodh ráil air, agus nuair a bhídís ag tarrac na gcloch chuinn tí a thógaint, is amhla a bhíodh dhá chathaoir ar an srathair acu, agus gad eatarthu, agus chuiridís na clocha in airde ar na cathaoireacha,” (§401 | CBÉ, 977: 330-332).

cathair, ba é “clochán nó seanfhoirgneamh” a bhí i gceist ag Seán Mac Criomhthain leis an ainmfhocal seo dar le nóta lámhscríbhíne ó Sheosamh Ó Dálaigh in §71 | CBÉ, 968: 3-5.

ceairn, = cearn.

ceathrú lae, .i., pá ceathrú lae. “An té go gcuirfaí **ceathrú lae** air, ciorrófaí dhá phingin é, mar dhá thistiún a bhí dhóibh, agus bheadh an dá phingin sin ag an *mboss* féin,” (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

ceirí chois an chlaí, c.f. **carraigín** thuas.

ciacu, .i., cé acu.

cimeád, = coimeád.

cimil an mháilín, = cuimil an mháilín, frása a mhínítear faoin gceannfhocal ‘cuimil²’ in FGB.

cinnibh, = coinnigh.

claonaigh, = claon. c.f. an iontráil faoin gceannfhocal ‘claonaim’ in IED mar a bhfuil ‘claonuighim’ luaite mar leagan malartach de, agus “ó chlaonais le Lútar” mar shampla úsáide a thagann leis an úsáid a bhain Seán Mac Criomhthain as: “cé gur fada atáimse ag éisteacht, is baoth a bhí mo ghnó, ó dheineas an tig beag bachallach, don tseana-scailp seo a chlaonaigh,” (§430 | CBÉ, 966: 487-493).

cliath sranganach, ‘líontán’ is ciall leis an bhfrása seo dar le nóta lámhscríbhíne ó Sheosamh Ó Dálaigh in §346 | CBÉ, 966: 31-36.

cóchálán, = cothalán.

cóiste balbh, ba é an líne mínithe a thug Máirín Nic Eoin agus *Labharfad le Cách* á léirmheas san *Irish Times* aici ná “the legendary death coach of oral tradition” (Nic Eoin, 2010). Ón mBlascaod féin a thagann an cuntas seo a leanas ar an gcóiste balbh: “fadó riamh do ghaibh **cóiste balbh** ó thaobh taobh an bhaile seo. Ní raibh faic le feiscint acht an mac alla ar fad, agus dúirt na daoine gur **cóiste balbh** a bhí ann,” (CBÉ, 419: 44).

críondhuanán, .i., an duanán a bheadh ar siúl ag duine críonna.

craorac, = caordhearg. Deir IED linn gurb é atá i gceist leis an leagan meititéiseach seo den aidiacht seo, atá mar cheannfhocal ina fhoclóir aige, ná “a form of **cró-dhearg** or **caordhearg**; *smt. pron. craidhreac*”. Mar ‘craidhreac’ a thras-scríobhadh Seosamh Ó Dálaigh, leis, an focal seo ó Sheán Mac Criomhthain.

cuileachtaí, .i., duine a mbeadh an-chuileachta ag baint leis nó léi.

cuiréaraí, = cúiréir.

cuiriúch, = ciorrbhach. Ainmfhocal is ea ‘ciorrbhach’ atá mar cheannfhocal in IED a luann ‘cirriughadh’ mar fhoghraíocht chóimonta. Luaitear feiniméan an ‘ciorrbhú’ in *The Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942: 389), agus tá ‘cuirigh’ le fáil, leis, in FGB ina dtugtar ‘ciorrbhaigh’ mar leagan malartach de.

cuirneacht, = cruithneacht.

cuisteacht, foirm é seo a fhreagraíonn don fhrása ainmfhoclach “cur isteach” faoi mar a thuigfear ón sampla úsáide seo a leanas: “níor chuir an sagart san aon chuisteacht air as san amach”, (§367 | CBÉ, 936: 400-401)

cúrsa, .i., rud, cúis, báire. Úsáidtear uimhir iolra an ainmfhocail seo sa bhfrása “ba chúrsaí” gur chomhchiall dó “ba chúis”: “Chonaiceadar í, agus ba chúrsaí eagla í a dh'fheiscint”, (§107 | CBÉ, 965: 48-50). Is é “a lán” an chiall is mó a eascraíonn as an úsáid a bhfuil fianaise uirthi sa dá shampla seo a leanas: “cúrsaí fíona, im, agus bulóga, á riaradh ar na mílte a gheobhadh an bóthar,” (§433 | CBÉ, 966: 375-377); “Thá cúrsaí feirge agam”, (§X | CBÉ, CT0320). ‘Báire’ is ciall leis i gcúrsaí peile, agus mar fho-nóta leis an abairt “thógadar dhá chúrsa gan aon mhoill ar mhuintir Thrá Lí,” bhí an nod mínithe seo a leanas scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh: “chuireadar dhá bháire isteach,” (§384 | CBÉ, 967: 104).

cuthag, = cuthach. Tugtar ‘cuthag’ san *Illustrated Gaelic-English Dictionary* mar fhoirm mhalartach de ‘cabhag’, focal a luaitear an úsáid seo a leanas leis: “tha thu nad nad chabhaig, you are in a hurry”, (Dwelly, 1864: 143). Tagann an úsáid Albanach seo le húsáid Chiarraíoch an Chríomhthanaigh: “Níor chuireadar aon chuthag orthu féin nuair a bhí an t-ocras ann”, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

dadamh, ‘íonga a bhíonn ar cheann an mhiongáin istigh sa tsliogán’, (§258 | CBÉ, 977: 435-439). Ba é tuairim Mhíchíl Uí Ruairc faoin úsáid a bhain Seán Mac Criomhthain as an bhfocal ná gurbh é a bhí ann ná “focal a chum an file féin... ciallaíonn sé, de réir dealraimh, ‘beag beann’ nó ‘magadh’ nó ‘cúis gáire’. Tá onamataipé ann,” (1998: 136). Níor mhiste cead cainte a thabhairt don fhile féin: “‘Ní raibh dadamh aige’, a deir duine. Cén rud an **dadamh**? Sciath an mhiongáin is ea an **dadamh**... Is ann a chuirfá an tsnáthad greamaithe chuinn é a phriocadh as an sliogán. M’athair a chuala á rá san,” (§258 | CBÉ, 977: 435-439). Tugtar ‘dadam’ san *Electronic Dictionary of the Irish Language* faoin gceannfhocal ‘dadom’ a shainmínítear mar “an atom, a bit, a jot, anything”, (dil.ie/14122), agus b’fhuirist go demihin an bhrí áirithe sin a shíneadh sa chaint go dtí an bhrí faoi thrácht anseo a bhainfeadh le bitheolaíocht na mara.

dálgas, “**dálgas** a thabharfá ar an ndua a bhíonn ar bhó a bhíonn a d’iarraidh breith”, (§21 | CBÉ, 968: 530-536).

deabhadh, = deabhaidh, .i., ‘diaidh’.

dearúd, = dearmad.

deireadh oíche, mar dhobhriathar a úsáidtear an frása seo a bheadh ar chomhchiall le “ag deireadh na hoíche” nó a leithéid. “Dúirt sé gur chuaigh sé féin deireadh oíche síos féach an mbeadh feamnach ná raic ná éinní ann”, (§273 | CBÉ, 979: 148-149).

diad, = diar. Leaganacha sofhriotalacha den ainmfhocal ‘diabhal’ is ea ‘diar’ agus ‘diad’ araon, agus is in intriachtaí den chineál “‘on diad’ a úsáidtear de ghnáth iad. Níorbh aon díobháil a lua gurb ann do “‘on diad’ i mBéarla Dheisceart Chill Chainnigh chomh maith.

diaig, = lia, bunaithe ar an bhfoirm ghinideach ‘liaig’. Gan dabht, níorbh aon ionadh malartú a bheith ar siúl ag Seán idir ‘d’ caol agus ‘l’ caol – ‘Turas Chaitlíona’ a bhí aige thar ceann ‘Turas Chaitríona’ in áit amháin, agus tá ‘cuileachta’ thar ceann ‘cuideachta’, mar shampla eile, ina thréith sheanbhunaithe den chanúint.

dinéind, = diméin. Deir Mícheál Mac Gearailt liom go dtugtaí an focal seo mar ainm ar ghoirt mar aithris ar an bhfocal ‘demesne’ a bhíodh in úsáid ag na sagairt go mór mhór.

díthchéille, = díth céille.

doircheacht, = dorchacht.

domhan, = deamhan. I gcomhthéacs na húsáide sofhriotalaí amháin a úsáidtí ‘domhan’ thar ceann ‘deamhan’.

donndhoircheacht, = andoircheacht.

doras droma, “Gaelainn atá ag an gCrimhthanach féin ar *back door*,” a deir Seosamh Ó Dálaigh i nóta lámhscríbhíne in §225 | CBÉ, 979: 199-201.

dóthair, faightear an leagan seo thar ceann an ainmfhocail ‘dóigh’ sa bhfrása réamhfhoclach “ar ndóthair” gur mar a chéile é agus “ar ndóigh”. Uaireanta sna lámhscríbhinní is mar ‘núthair’ a thras scríobhtaí an fhoirm seo a leasaíodh go ‘ar ndóthair’ san eagrán seo.

drapadálaí, = dreapadóir.

dréigean, = éigean. Faightear an leagan malartach seo mar chuid den fhrása “do dhréigean’ a bhí mínithe ag Seosamh Ó Dálaigh i nóta lámhscríbhíne in §149 | CBÉ, 977: 232-233 mar fhrása ar chomhchiall do “ar éigean’.

drochghéag, .i., drochdhuine. Caitheann an iontráil faoin gceannfhocal ‘géag’ in FGB solas ar an úsáid a bhaineadh an Criomhthanach as an ainmfhocal ‘géag’: “**géag**, f. [...] 2. *Fig.* [...] (b) [...] **Is olc an ghéag é**, he is a bad lot”.

drusar, .i., ‘dresser’ an Bhéarla.

duibh, = dubhaigh.

dúirt sé dáirt-se, i., ó fhianaise chlostráhta. “Ní haon scéal ‘dúirt sé dáirtse’ é seo. Bhí an bhean féin ag eachtraí dhom air,” (§116 | CBÉ, 1151: 78-87).

Dún an Dá Dhrol, “cén rud é Dún an Dá Dhrol?” a d’fhiafraigh Seosamh Ó Dálaigh de Sheán Mac Criomhthain tráth, agus is é “an Bhreasaíl” an freagra lom a tugadh (§95 | CBÉ, 966: 533-534). c.f. **an Bhreasaíl** thuas.

faidshaolach, = fadsaolach

fean, = feadh. Le tionchar ón úsáid a bhaintear as ‘feadh’ i dtaca le hainmfhocail bhaininsneacha chinnte sa tuiséal ginideach, .i., “ar feadh na”, a tosnaíodh ar “fean’ a usáid le gach ainmfhocal, firinsneach agus baininsneach: “Bhí garsún liom ag faire an chaíora a bhí breoite ar fean an lae,” (§6 | CBÉ, 966: 530-532).

feorsaí, .i., aicid a thiocfadh ar chapall. Dealraíonn sé gur bunaithe ar ‘farcy’ atá sé – seantearma ón mBéarla a míníodh mar seo a leanas sa bhliain 1806: “this is a disease to which the horse is very subject, and to which farriers are great strangers, and has, perhaps, more frequently frustrated the endeavours of better informed practioners than any other disease to which this animal is liable. Some authors have defined the farcy to be a disease confined locally to the veins; others, that it is owing to viscosity of the blood. I beg leave to say, that if ever the veins are affected in the farcy, they only partake of a general affection, but the lymphatics running collaterally with the large veins of the thigh are generally enlarged, and very much inflamed; which inflammation frequently terminates in suppuration. The farcy often makes its first appearance in the face, and this species is, although not violent in its attack, is more destructive to the animal in the end... the symptoms are small tubercles formed on various parts of the body, particularly in the direction of the large veins of the thighs,” (Shipp, 1806: 140-141). “Aon chnapán ar dhrom an chapaill (nó leac)”, a mhínigh Tomás Ó Dálaigh ó Dhún Chaoin (CBÉ, 418: 61).

fiacal, = fiacail.

Filistín, = Filistíneach.

fonód, = fonóid.

fuacht, .i. slaghdán. “Thiocfadh liú id chluais le fuacht”, (§184 | CBÉ, 981: 383-399).

fuaimiant, = fuaimint.

gaisceach, = gaiscíoch.

gallach, = gallda.

geaimbléir, .i., ‘gambler’ an Bhéarla.

geáird, .i., ‘yard’ an Bhéarla.

geas, .i. ‘gas’ an Bhéarla. ‘Kerosene’ a thugadh Seosamh Ó Dálaigh de ghnáth mar nóta mínithe don fhocal seo sna lámhscríbhinní aon uair a thras-scríobhadh sé é.

gléibín, .i., gléib bheag.

goine an deargáin, is é “*bream scales*” a bhreac Séamus Ó Duillearga mar aistriúchán Béarla ar an bhfrása “goine an deargáin’ i mbun leathnaigh lámhscríbhíne a thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh (§66 | CBÉ, 1178: 479). Is fiú aird a tharraingt ar an iontráil faoin gceannfhocal ‘gion’ in IED: “the mouth, the point or edge of a sword ; a bite, a bit... it has been corrupted to **goin** in several texts ; in *pl.* lips”.

goirtín, .i., gortú beag.

haincisiúir, .i., ciarsúr. Is é atá i gceist le déantús an leagain seo ná comhfhocal canúnach idirtheangach ina gcuirtear leagan Gaelaithe den fhocal Béarla ‘hand’, .i., ‘hain’, le leagan canúnach den fhocal Gaeilge ‘ciarsúr’, .i., ‘cisiúir’.

hóis, intriacht é seo a úsáidtear in éineacht le dobhriathra gluaiseachta, agus a chloistear fós sa lá atá inniu ann i gCorca Dhuibhne nuair a bhítear ag tiomáint na mba. “Hóis amach”, cuirim i gcás, a bhí le fáil sa sampla úsáide atá san eagrán seo againn ó Sheán Mac Criomhthain, (§355 | CBÉ, 968: 545-547).

ineáil, = anáil. Is é “na hineáile” foirm infhillte an tuisil ghinidigh dó. Ba é an ‘n’ caol seo a bhí le fáil sa bhunlámhscríbhinn de *An tOileánach* atá curtha in eagar le Seán Ó Coileáin (2002: xxvi).

iofrann, = ifreann.

insa, = i. Bíonn an fhoirm seo le fáil thar ceann ‘sna’ chomh maith.

insan, = sa.

lámhseach, = lámhseáil

lamhach, lamhachta, = lámhach, lámhachta

lait, lat, laitithe, = loit, lot, loite.

’leán, = oileán, .i., An Blascaod Mór.

leasdriotháir, = leasdeartháir.

leithead, istigh i leithead a bheadh ualach mór buidéal nó a leithéid á iompar ag duine, i dealraitheach, agus an sainmhíniú seo a leanas ag Seosamh Ó Dálaigh ar an rud sin in (§419 | CBÉ, 1201: 195-210): ‘mála nuair a scaoilfaí an fhuáil ar fad a bheadh ann’.

léithróid, = liathróid.

Lochlarnach, = Lochlannach.

loibh, = lobh.

lonnán, = lamhnán.

luíod, = laghad.

’madán, = amadán.

madra, .i., fíogach. “Fíogaigh a ghlaonn siad ar mhadraí” a d’inis Seán Mac Criomhthain le Seosamh Ó Dálaigh ar an ócáid seanchais amháin, agus bhreac Seosamh Ó Dálaigh fo-nóta lámhscríbhinne ina dhiaidh sin lena thabhairt le fios gur “madraí” a thugadh an Criomhthanach ar “mhadraí éisc”, (§371 | CBÉ, 967: 75-78).

madra an dá cháise, tá an focal ‘madra’ leis le fáil mar chuid den nath cainte “d’imigh dálda mhadra an dá cháise air”. Is é an míniú a thug Seán ar an nath cainte do Sheosamh Ó Dálaigh ná go ndeirtear é “le duine a bhíonn sainteach”: “Madra a bhí ann, agus d’imigh sé amach, agus cáis ina bhéal. Bhí a log amuigh. Chonaic sé an madra eile, agus cáis aige, agus má chonaic, thug sé iarracht ar an gcáis a bhí ag an madra eile a bhaint do. D’imíodar trína chéile bhuaidh”, (§421 | CBÉ, 982: 369-372).

malairt, tá dhá mhír san eagrán seo ina ndealraíonn sé gur ‘fual’ a chuireann an frása “a mhalairt” in iúl: “Dhein sé a chuid uisce fén bhfeirmeoir. ‘Dhera, an diabhal ort,’ arsa an feirmeoir, ‘cad atá déanta agat?’. ‘Dhé éist,’ arsa é sin, ‘tá **a mhalairt** déanta agam’ (§158 | CBÉ, 967: 10-13). “Scaoil sé bhuaidh **a mhalairt** [...] Is amhla a bhí sailithe sa leabaidh aige, (§157 | CBÉ, 967: 5-6).

maolchnoicín, .i., maol cnoc beag.

maraoth an phota, .i., snag breac. Ní focal é seo a bhaineann leis an gcanúint i bhfianaise an chuntais a thug Seán Mac Criomhthain ar fhoinsé an fhocail seo: “Bhí máistir scoile ar an mbaile seo tamall ag múineadh anso i scoil na Sasanach. Ní mór an Ghaelainn a bhí aige, ach focail. Bhí Éire siúltha aige, agus dúirt sé liom gurb é Gaelainn a chuala sé fhéin ar *magpie* ‘**maraoth an phota**,’” (§15 | CBÉ, 936: 431-433).

meath, = meas (mar bhriathar).

mínleacan, = leiceann atá mín.

muilirte, = muinille.

mú, = mó.

nách, = nach.

náir, = náire.

namhadach, = námhadach.

neomint, = neomat. “Níl aon áireamh ar a bhfuil d’insintí ar an bhfocal neomat, agus tá an comhaireamh trí chéile casta go maith aige,” a dúirt Seán Ó Coileáin i dtaca le Tomás Ó

Criomhthain (2002: xxviii), agus bhí an galar céanna ar Sheán Mac Criomhthain. Idir ‘neoimit’ agus ‘neomat’, maille lena mbaineann leo d’fhoircinn éagsúla iolra, a fhaightear san eagrán seo de sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain.

nis, niste, = inis, inste.

nú, = nó.

oideas tuaisce ort, d’fhéadfaí gur “oideas tuaiscirt ort” atá i gceist sa bhfrása maslach seo, ach go mbátaí an ‘-irt’ in ‘tuaiscirt’ sa chaint toisc an ‘-irt’ a bheith róchosúil leis an ‘ort’ a leanann é agus a bheadh ciotach ó thaobh an fhuaimnithe de mura mbáfaí ar an tslí seo é. Maidir leis an gciall a bhaineann le húsáid an fhocail ‘tuaisceart’ sa chomhthéacs seo, is iad na focail is mó a bhaineann le hábhar ó thaobh na hiontrála faoin gceannfhocal ‘tuaisceart’ in IED ná “awkwardness, rudeness”, agus faoin gceannfhocal ‘tuaisceartach’, tá “sinister, awkward; rude, uncivilised; malluighthe tuaisceartach, vicious and troublesome (of a horse)”. Cuireann na samplaí deireanach seo leis an gcuma gur masla atá i gceist, agus is mar fhrása maslathach a d’úsáid Seán Mac Criomhthain an frása sa mhír dar theideal céanna, ‘Oideas tuaisce ort’: “‘Oideas tuaisce ort,’ arsa í sin, ‘nár dh’fhiarthaigh cad a bhainfeadh an draíocht’”, (§95 | CBÉ, 966: 533-534). c.f. ‘alltach’ thuas mar a chuirtear in iúl gur bhain leigheas leis na mná draíochta a dtabharfadh a dteideal le fios gur ón tuaisceart a thagaidís.

oilíuinte, = oilte.

oiread ‘a frí’, .i., oiread na fríde. Glactar san eagrán seo le leagan na lámhscríbinne atá cloiste go minic agam féin ó Sheán Jim Pheig Ó Muircheartaigh a tógadh i seascaidí an chéid seo caite i mBaile na bhFionnúrach sa Pharóiste Múrach.

pairseach, = praiseach.

Peaidí, .i., Éireannach, ag teacht ón úsáid a bhaintear as an bhfocal ‘Paddy’ sa Bhéarla.

peiribhic, = peiriúic.

piast, = “neascóid a bhíonn ag cur forchroicinn di. Áirítear gur piast fé ndear í”, an míniú a thug Seosamh Ó Dálaigh ar an bhfocal sa lámhscríbhinn (§115 | CBÉ, 1151: 78-87)

pictiúir, = pictiúr.

píleoit, = píolóta.

pípe, = píp.

póisteáil, = postáil.

práta spallaigh, “prátaí miona is ea prátaí spallaigh” a mhínigh Seosamh Ó Dálaigh i nóta lámhscríbhinne a ghabh leis an mír §163 | CBÉ, 1151: 218-221 ina bhfuair an bheirt spailpíní sa scéal ann tuiscint mhaith ar cad atá i gceist le “prátaí spallaigh”.

prúbháil, .i., ‘prove’ an Bhéarla.

prugadóireacht, = purgadoireacht.

prugóid, = purgóid.

pulaí, .i., ‘pulley’ an Bhéarla.

púrhamhas, .i., “poor house” an Bhéarla.

pumpáil, .i., imigh, tar, téir. Tá sampla sa mhéid seo: “Ní raibh uair a chloig nuair a phumpáil sé chúthu”, (§324 | CBÉ, 977: 346-347).

ramharchorp, .i., corp atá ramhar.

reabhaiteáil, = rabhaiteáil.

reiceáil, = raiceáil

riarach, .i., géilliúil. Bhí a leithéid d’aidiacht mar cheannfhocal in IED a d’aistrigh go Béarla mar seo a leanas é: “complaisant, submissive, agreeable; *al.* serving, attending on’.

righinrosc, .i., rosc atá righin.

riosc, = rosc.

roilig, = reilig.

rosaét, .i., ‘receipt’ an Bhéarla.

ruchar, = urchar. Bhí foirm mheititiseach an eagrán seo ceadaithe leis ag Máire Mhac an tSaoi sa nóta canúna a ghabh le *An Paróiste Míorúilteach* (2011: 226). Tá sé le tabhairt faoi deara áfach go

gcuirtear an mheititéis ar ceal san ainmfhocal seo, mar shampla, nuair a chuirtear an t-alt cinnte roimis.

ruiséad, ruiséad an uisce choiscreac, an scuab a bhíodh ag na sagairt agus an t-uisce coisreacan á chroitheadh acu ar Aifreann, (c.f. §208 | CBÉ, 1178: 567-601).

rúnach, = oiriúnach.

Sacsan, = Sasanach.

sáin, = teaspáin, theaspáin.

saint, faightear ‘saint’ sa bhfrása réamhfhoclach “le saint” a chiallaíonn “d’fhonn” nó “ar mhaithe le”: “Chaith sé an ceann dá phíp fhéin **le saint** greim a dh’fháilt ar an luch,” (§29 | CBÉ, 977: 260-261).

sáisigh, = sásaigh.

sáithe, = saithe.

saocraistí, = sacraistí.

saoire, = saor. “Tá an lá inniubh saoire”, (§236 | CBÉ, 967: 70-72).

sathach, = soitheach. Is é leagan na lámhscríbhinne, ‘sathach’, atá mar cheannfhocal in IED.

scabhaeirísí, pór tornapaí ón tSualainn dar le nóta lámhscríbhinne ó Sheosamh Ó Dálaigh in §345 | CBÉ, 1035: 325-327.

scaipléir, = scamhailéir.

scilléidín, .i., scilléad beag.

na sciobaíodh, “bhí tithe ann fadó, bhí na fothracha ann titithe – ‘na sciobaíodh’ a thugaidís orthu”, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184). Is spéisiúil an léiriú ar oscailteacht na rann cainte agus ar an gcumadóireacht a bhí beo sa chanúint sa mhéid seo ina bhfuil fianaise ar fhoirm an tsaorbhriathair a úsáid mar leasainm.

seana-, = sean.

an seana-buachail, .i., an diabhal.

seana-charra, = ba é “corp nó cabhail cairte” an míniú thug Seosamh Ó Dálaigh air seo in §341 | CBÉ, 968: 23-26

seasaimh, = seasaigh.

seoinseáil, = sóinseáil.

síbín, = séibín.

sioc, sioc a thugtar ar bhun na gallsailí mar a bhfásann na slata a ghearrtaí le scian ina dhiaidh agus tuigí á soláthar chun fíodóireachta. c.f. ‘Cuntas ar shlata agus ar thuigí ó Sheán Criomhthain’ (§296 | CBÉ, 1150: 553-557).

síonán, in §21 | CBÉ, 968: 530-536 atá míniú ó Sheán Mac Criomhthain féin le fáil ar an téarma beachadóireachta seo: “‘**Síonán**’ a thugaimse ar an dtig beag a bhíonn ages na meacha. Bíonn sé déanta le tuí. Deinimse féin iad. ‘*Skip*’ a thugann daoine eile air”.

slándus, = slánlus.

soláthar, .i., faecas. Tá an bhrí seo luaite leis an bhfocal ‘soláthar’ in *Cnuasach Focal ó Uíbh Ráthach*. Ó Sheán Segersun a bhailigh Tadhg Ó Murchú an dá shampla seo a leanas d’úsáid an fhocail sa chomhthéacs seo: “**soláthar** f. Cac. . . . agus tháinig a sholáthar beag do agus shuigh sé cois an chlaígh. Nuair a éirigh sé, bhí sé á fháscadh féin. Dherú, ní raibh aon chormhíol ar fuaid na dúthaí nár bhailibh timpall ar an méid a dhein sé [CBÉ, 1186: 522]. Aoileach an ghadhair . . . ó d’aithneofa an tuar a dheineann sé ar an bport – tá cóta féir san áit go ndeineann sé a sholáthar [CBÉ, 1187: 348]” (Nic Pháidín, 1987: 105). Is mar seo a bhí an focal céanna le fáil i gcaint an Chriomhthanaigh: “Chuir mo mháthair an plástra lem chois, ach ní fheaca-sa an plástra go dtí go raibh sí á bhaint díom. Cad a bhí ann, ach **soláthar an duine**,” (§172 | CBÉ, 982: 344-351). D’fhéadfaí leis gur úsáid sofhriotalach é seo d’fhonn gan an focal ‘salachar’ a rá, focal eile a bhíonn ag an gCrimhthanaigh ar an bhfaecas.

speaibhiniú, .i., ón mBéarla ‘spavin’. Is aicíd é seo a bhíonn ag gabháil do chapail: “A bone spavin is a prenatal enlargement of bone upon the inside of a horse's hough, attended by inflammation, pain and lameness. The pain appears to be occasioned by too great a distention of the periosteum; the lameness by the action of the enlargement of bone upon the capsular ligament of the point; and

the inflammation by the primary cause, such as treading upon, or flipping off from some irregular surface, as prominent stones... the spavin requires an early application to prevent a permanent lameness; for if no attention be paid with respect to curing it, before the capsular ligaments become ossified, the horse will most probably remain lame through life; and too severe an application will occasion incurable lameness”, (Shipp, 1806 : 126). Mhaíodh pearsa ar a raibh cur síos ag an gCrimhthanach go raibh leigheas aige ar a leithéid: “Á dtabharfá pic dod chnapaibh dom, agus an Rambler a chuir á n-iompar, do leighisfinnse é ó speaibhiniú, ó dhathacha agus ó ghúnga,” (§370 | CBÉ, 967: 84-88).

spórtáil, ainm briathartha bunaithe ar an ainmfhocal ‘spórt’. Is ionann ciall do “ag spórtáil” agus “ag spraoi” nó “ag ragairne”, fiú amháin. c.f. “ardsportaer” thuas.

spriodóg, = spideog.

suaileáil, .i., léasadh, greadadh, srl., dar le Mícheál “Toose” Mac Gearailt.

suíod, = saighead.

súp, .i., lucht ólta an tsúip, duine a bhí ina Chaitliceach agus d’iompaigh.

sosún, = seisiún. Bhí ‘sosún’ ar cheann de na leagancha malartacha a thug Seán Óg a’ Chóta Ó Caomhánaigh faoin gceannfhocal ‘seisiún’ ina fhoclóir siúd ina bhfaightear an iontráil seo a leanas mar mhíniú air: “cruinniughadh, suidhe dleaghtach cúirte go mbíonn giúistís nó breitheamh i gceannas chun na dlighe do riar,” (Ní Mhaonaigh, 2017). Bheadh an míniú seo ag teacht leis an méid seo ón gCrimhthanach a bhfuil cuma an tseanfhocail air: “Dhé, ná chualais riamh,” arsa é sin,

“dul ar aonach gan ghnó, agus an **sosún** a sheachaint,” (§371 | CBÉ, 967: 75-78).

susúr, = siosúr.

taibhrimh, = taibhrigh.

taobh, faightear ‘taobh’ mar chuid den fhrása réamhfoclach “ar dtaobh”. Is léir go bhfuil an t-alt cinnte báite sa leagan canúnach seo den fhrása réamhfoclach “ar an taobh” a mbaineann an chiall agus an úsáid cheanann chéanna leis.

té, = tae.

teasáin, = taispeáin.

teaspag, = easpag

teorniop, = tornap.

timbléir, = timbléar. Is mar ‘tiombléir’ a thras-scríobhtaí an focal seo sa lámhscríbhinn.

tiormaigh, tiormú = triomaigh, triomú.

toirtín, .i., ‘thirteen’ an Bhéarla.

traithíní trá, ‘lóipíní’ atá i gceist leis an bhfrása uamach seo dar le fo-nóta ó Sheosamh Ó Dálaigh a ghabhann le §346 | CBÉ, 966: 31-36. Dealraíonn sé gurb ionann ‘traithín’ anseo agus an ceannfhocal ‘troighthín’ in IED a thugann an sainmhíniú seo a leanas ar an bhfocal céanna: “a little foot or sole; a soleless stocking worn without shoes, a spat ; a band or splice ; a wedge”.

trátharáil, .i., druileáil.

treatha, = treafa. Leagan eile arís d’aidiacht bhriathartha agus de thuiseal ginideach an ainm bhriathartha ‘treabhadh’, de bhreis ar ‘treafa’ agus ‘treabhaithe’ mar fhoirmeacha a luaitear in *Gaeilge Chorca Dhuibhne* (Ó Sé, 2000: 319)

tubháille, = tuáille.

tusáin, = taispeáin.

veast, veiste, = veist.

Foirmeacha Gaelaithe d'fhocail agus d'fhrásaí ón mBéarla

<i>backáil</i>	<i>forceáil</i>	<i>rolláil</i>
<i>batheáil</i>	<i>freeáltha</i>	<i>scrapeáil</i>
<i>brusháil</i>	<i>grabáil</i>	<i>shedín</i>
<i>clapáil</i>	<i>grabéir</i>	<i>shineáil</i>
<i>cleanáil</i>	Jaoman ¹	<i>shipáil</i>
<i>crackáil</i>	<i>jobéir</i>	<i>soundáil</i>
<i>cryáil</i>	<i>Land Léig</i>	<i>sovereign</i>
<i>danceaireacht</i>	<i>mixeáltha</i>	<i>spyáil</i>
<i>delicáltha</i>	<i>murderéir</i>	<i>té-pot</i> ²
<i>diveáil</i>	<i>peepáil</i>	<i>tipáil</i>
<i>drive-éir</i>	<i>Presbyteran</i>	<i>travelléir</i>
<i>fairáltha</i>	<i>pressáil</i>	<i>wheeláil</i>

¹ = Jewman.

² = teapot.

Focail agus frásaí Béarla trí Ghaeilge Sheáin Mhic Criomhthain

aberdeen	Broom ⁴	colonial
action	by Gor ⁵	contractor
address	canter	cottage
affront	caroline ⁶	cousin
agent	catlash	crowbar
alarm	cement	curate
alright	cess	Dane
asylum	challenge	daring
'way ¹	chanbed	dasher
band	channel	deadhouse
barber	chemist	deck
beaver ²	class	dismiss
beehive	clatter	donkey
belt	coadjutor ⁷	dose
bib	coastguard	drain
bicycle	coffey ⁸	drawer
bitch	colonel	dresser
boiler	mír iomlán seanchais bailithe ag Seán Ó Dubhda i dtaobh a bheith ag obair faoin 'Board of Works' in CBÉ, 1115: 189-191. ⁴ Comhlacht déanta céachtaí. ⁵ .i., intriacht inar lé chuir casadh sofhriotalach a bheith á bhaint as an bhfocal 'God'. ⁶ Mar seo a leanas a mhínítear an focal seo in <i>The Complete Costume Dictionary</i> faoin gceannfhocal 'caroline hat': "man's hat of Carolina beaver, commonly worn by servants", (Lewandowski, 2011: 53). ⁷ Ba é seo an sagart sóisearch sa pharóiste. An 'sagart óg' thugtaí chomh maith air, cé nár ghá dóibh a bheith óg. De gnáth bhíodh sagart paróiste i gceannas ar fad, agus bheadh sagart óg nó beirt ag cuidiú leis (Cronin, 2017). ⁸ ainmfhocal a thagraíonn don lucht siúil go ginearálta cé go bhfuil sé bunaithe ar an sloinne a thugtar sa rannóg ar dhaoine thíos.	engineer
boss		fair
bounty		fair play
boy		family
bucket		farmer
budget		father
butther car		fella
Board of Works ³		fife
		first cousin
		flask
		foul air
		frolic
		game
		gange
		gift
		gleam

¹ “‘way leo”, srl.

² Níor thug Seán Mac Criomhthian féin an focal seo a bhíodh aige sa véarsaíocht amháin, faoi mar a bhí in § 432. CBÉ, 968: 190-193. c.f. ‘caroline’ gur focal comhchiallach atá ann.

³ Eagraíocht stáit a chuaigh i ngleic leis na fadhbanna éagsúla a bhain leis an nGorta Mór ó 1845 i leith (Griffiths, 1970: 634). Bhí

gravy	mangel	property
grove	match	public house
guardian ¹	medal	publican
hall	minion ²	punch
halting	minister	Quaker
hot bun	mob	rarity
hunter	mother	rate
interest	newspaper	rattle
jacket	notice	rein
janies	nurse	rejoice
jank	offer	relief
jar	oh my	repair
Jesus	Orangeman	repairing
journey	Paddy	report
jubilee	parliament	revolver
jug	party	room
lady	pike	salts
landgrabber	pill	Scotchman
landlord	pleasing	seeker
lawn	pledge	sergeant
leak	ploughman	sidewhisker
lock up	pony	silence
Lucifer	poor house	sir
magpie	Post Office	skip ⁴
mailcar	pot	slap
major	power	slate
majority	prayer	slaughter
	present	slur
	prize	solder iron
	progget ³	souper
		soutane
		sovereign

¹ .i., “poor law guardian”. Ba iad seo na fir (agus tar éis na 1890í, na mná) a bhí i gceannas ar an Poor Law Union (Cronin, 2017). Lean roinnt mhaith anoir an córas nua seo: “The chaos that prevailed in many areas during the early elections of guardians was caused partly by the apparently general failure to distinguish the qualified voters from the masses,” (O’Brien, 1982: 107).

² Mar ‘mingion’ a thras scríobhtaí an focal seo sna lámhscríbhinní.

³ = purgative. Ceimiceán a bhí ann a thugtaí do chailíní óga fadó sa cheantar i dtreo gímhilleadh a spreagadh, dar le Seosaimhín Ní Bheaglaioich.

⁴ Is seantéarma beachadóireachta é seo a thagraíodh don choirceog ina gcoimeádadh an beachadóir na meacha, c.f. CBÉ, 968: 530 536.

spatter

spree

spring

spyglass

stagger

stand

steam

steamer

steeple

step

stool

stove

style

sulphur ringworm

sundial

tape

tarrier

task

tassel

taste

thump

tower

track

trap

turkey

turncoat

void

watch

weight

white eyes¹

yard

¹ Pór prátaí ab ea na “white eyes”.

Logainmneacha agus leaganacha de logainmneacha a luaigh Seán Mac Criomhthain agus nach dtugtar in logainm.ie ná in FGB

Abha Imleach an Gharráin

Albain

Áth mBuí

Is dócha go dtagraíonn an logainm seo don áit chéanna dá dtagraíonn “Ráth na nÁth mBuí” thíos.

Baile an Chaladh, = Baile an Chalaídh

Baile Í

Baile Poirt na Carraige

Baile Uí Sháithil, = Baile Dhá Thuile

Mar ‘Bailíheáithil’ a bhí an logainm seo le fáil sna lámhscríbhinní. Tá an nóta seo a leanas le fáil faoin iontráil ‘Baile Dhá Thuile’/‘Ballyhahill’ ar logainm.ie: “Baile Dhá Thuile an fhoirm oifigiúil ó 1969, ach de réir na fianaise stairiúla ba cheart Baile Uí Sháithil, ‘the town of Ó Sáithil’. Féach Downesahell in Peyton Survey 113 (1586), ainm nach maireann ach a bhí sa chomharsanacht seo; féach freisin Huí Sathgil (in *Genelach Hua Conaill Gabra*), *Corpus Genealogiarum Hiberniae* I 388, agus *Onomasticon Goedelicum* 678. Tá baile fearainn eile i gcontae Luimnigh den ainm Baile Uí Sháithil/Ballyhahill” (<http://www.logainm.ie/ga/32192>). Táim buíoch do Phádraig Ó Cearbhaill a chuir an iontráil seo ar mo shúile agus sinn i mbun comhrá le linn ‘Tionól’ Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath ar an 18 Samhain 2016.

Bailti Mór, = Baltimore Stáit Aontaithe Mheiriceá

Barra an Chaisleáin

Barra an Mháma

Barra na hÍne

Belfast, = Béal Feirste

Bleá Cliath, = Baile Átha Cliath

Bóthar an tSúip

“Bóthar an tSúip, a dúirt an Criomhthanach, a bhí ar an mbóthar san ó Dhroichead an tSúip amach go dtí Stáisiún na Traenach” a thuairiscigh Seosamh Ó Dálaigh i mí na Samhna 1946 (CBÉ, 981: 15-16). c.f. ‘Droichead an tSúip’ thíos.

Bóthar na Bacaí

‘Bóthar ab ea é seo a bhí díreach in aice le tigh na gCriomhthanach ar an gCill faoi mar is léir ó thagairt a dhein Seán tráth do “B[h]óthar na Bacaí anso amuigh,” (§418 | CBÉ, 977: 351-352).

Brandon, = Bréanainn

Bun an Choiscéim

“Áit in aice Chaisleán Ghriaire”, a deir SÓD linn in §431 | CBÉ, 968: 100-105.

An Caisleán, = Caisleán Griaire

Caislean Chacair

“Cuan Ghlaise agus Caislean Chacair, bhíodh na focail sin i mbéal na seandaoine. Caisleán duine uasail ab ea é is dealraitheach. Níl ann ach an fhaill anois, agus nuair a bhí an cé á dhéanamh ann, fuarthas smut dos na fallaí ann”, (§274 | CBÉ, 979: 148-149)

Caol Ghallrois

Carraig na Coille

Luann fo-nóta ó SÓD in §433 | CBÉ, 966: 375-377 nach “feadair Seán Criomhthain cá bhfuil Carraig na Coille, ach deir sé go bhfuil sé sa Leitriúch i dtaobh éigin’.

Castle Garden, Oileán an Choraintín

Fianaise ar an tábhacht a bhain le cúrsaí imirce i seanchas an Chriomhthanaigh is ea an logainm seo trína chuid seanchais. Le seanchas a mhuintire féin a bhain an eachtra seo a leanas inar luadh Oileán an Choraintín: “Nuair a chuaigh m'athair críonna go Meoraice, chuaigh sé isteach go Castle Garden, Oileán an Choraintín. Bhí sé ag siúl timpeall, is bhí ana-thart air. Chonaic sé an fear so ag máirseáil, agus d'fhiarthaigh sé dho cá bhfaighfeadh sé braon uisce le n-ól, go raibh ana-thart air. Bhí a fhios aige sin gurb Éireannach é. D'fhiarthaigh sé dho gadé an áit in Éirinn gurb as é. Dúirt sé gurb ó Chiarraí”, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313)

An Chill, = Cill Maoilchéadair

“Ní thugann éinne anois air ach ‘an Chill’ mar ar mhaith leo,” (§405 | CBÉ, 979: 64).

Cill Éadaoin

Na Cluaintíní

An Chluais, = Droichead na Cluaise.

An Cnoc, = Cnoc Chill Maoilchéadair.

“Tá cnoc Chill Maoilchéadair idir Chill Maoilchéadair agus an Garrán’, a deir Seosamh Ó Dálaigh linn in §423 | CBÉ, 1035: 315-319.

Cill Chíobháin

Cill Ghobáin

Díshéimhithe atá an logainm seo ar logainm.ie.

Cill Mháiréad

Cláí an Bhréagaire

Is é an maíomh seo a leanas a dheineadh Seán Mac Criomhthain i dtaobh an logainm seo: “b’fhéidir ná fuil éinne suas anois go bhfuil a fhios aige cad é an ainm atá ar an gcláí, ach agamsa”, (§381 | CBÉ, 977: 245-246)

Clais Mhacha na nDamh

Díol suntais is ea é go bhfuil a leithéid de logainm agus Clais an Mhacha i dTiobrad Árann agus Clais Damh i gContae Mhuineacháin. Cuimsíonn an logainm seo ó Chorca Dhuibhne míreanna an dá logainm eile.

Cnoc an Gharráin

An Coimín

Coimín Cill Chúile i bParóiste Chill Maoilchéadair a bhí i gceist dar le nóta lámhscríbhíne in §99 | CBÉ, 982: 21.

Corr Áillí, = Corr Áille

Cor an Choma

Crosaire na gCeithre Rian

Cuan Ghlaise

“Glaise Beag, baile i bParóiste Chill Maoilchéadair” a bhí fo-nóta ag Seosamh Ó Dálaigh leis an méid seo a leanas ó Sheán Mac Criomhthain: “Cuan Ghlaise agus Caislean Chacair” – bhíodh na focail sin i mbéal na seandaoine... Seana-ghamhain a bhí i nGlaise” an míniú a thug Seán Mac Criomhthain ar an logainm seo (§274 | CBÉ, 979: 148-149).

Down, = An Dún

Cúigí Chonaí, Cúigí Chonnacht = Cúige Chonnacht

Droichead an tSúigh

Mar 'Droichead an tSúigh' a tras-scríobhadh an logainm seo in áit amháin i lámhscríbhinn CBÉ, 981: 15-16, ar chuma éigin. “Hodson Bridge” a scríobh Seosamh

Ó Dálaigh san áit chéanna, “anois atá mar ainm ar an ndroichead san. Bóthar an tSúip, a dúirt an Criomhthanach, a bhí ar an mbóthar san ó Dhroichead an tSúip, amach go dtí Stáisiún na Traenach”.

Droim an Chnoic

Faill na Binne Báine

“Binn Bháin, baile c. trí mhíle taobh thoir don Daingean’ a deir Seosamh Ó Dálaigh i nóta lámhscríbhinne in §15 | CBÉ, 936: 431-433.

Fothrach an tSainsiléara

An Garrán

Ar an iliomad samplaí de ‘An Garrán’ a eascraíonn as cuardach a dhéanamh ar logainm.ie, ní luaitear An Garrán i gCorca Dhuibhne, logainm a mbíonn faoi thrácht go cómónta ag Seán Mac Criomhthain.

Goirtín na Crú

Tá an logainm seo mar theideal ar scéal a bailíodh ceithre huair ar fad ón gCriomhthanach (c.f. §I | CBÉ, CT0319; CBÉ, 121: 551-555; CBÉ, 1715: 246-249; §219 | CBÉ, 966: 293-295), ach ar chuaigh díom mar sin féin a fháil amach cén áit go díreach ina luíonn sé. Mar “Goirtín an Chrú” a tras-scríobhadh cuid den am é mar logainm.

Gort Uí Choinleáin

Green an Daingin

Greenmount

Logainm is ea é seo a bhaineann le Baile Dhaingean Uí Chúis. Is léir ón tagairt don “land grabber” a bhí “i nGreenmount sa Daingean” (§411 | CBÉ, 980: 963-968) nár leasc leis an gCriomhthanach logainmneacha an Bhéarla a urú.

Na hIndiatha, = An Ind.

Is é seo an logainm is faide ó Chill Maoilchéadair a luaigh Seán Mac Criomhthain, agus féach go raibh leagan Gaeilge aige dó. Litir a tháinig abhaile ó Dhuibhneach a bhí san arm a tharraing anuas ainm na tíre céanna i rith ócáid seanchais i mí Feabhra 1948: “bíonn sibhse ag gearán ar úr mbia, is níor c[h]eart díbh. Anois atá leitir fachta agamsa óm dhriotháir,” arsa é sin, “atá sa hIndiatha. Chaith sé seacht is raol a thabhairt ar órlach do phutóg capaill. B’fhuirist domhsa béile maith bídh a thabhairt díbh air sin,” arsa é sin – bhí a dhriotháir insan arm sa hIndiatha”, (§162 | CBÉ, 1035: 356-357). Is fiú a lua gur mar “na h-iniaithe” a tras-scríobhadh an leagan seo. c.f. an iontráil faoin gceannfhocal ‘India’ in IED: “**India**, *g. id., pl. na hIndiatha*”.

Imleá na gCrann, = Imleá.

Ainm ceana é seo dála Corcaigh na gCuan, srl. a bhíodh in úsáid ag an gCriomhthanach.

Inse na Bó

An Leaca Dhubhach

“Ar an dtaobh thuaidh den Bhlascaod Mór” atá an paiste farraige seo dar le fo-nóta ó Sheosamh Ó Dálaigh in §265 | CBÉ, 966: 144-147. Thug Seán Mac Criomhthain le fios sa bhfoinse chéanna gurbh é “An Leaca Chumhach” a thugtar go hearráideach ar an áit. “Ní hí sin an ainm cheart,” a dúirt sé, “ach an Leaca Dhubhach.”

Lios an Gholáin

Loc Chlochán an Tairis

Loch i ngiorracht do thigh na gCriomhthanach a mbíodh gabhair á gcoimeád ina aice, (§399 | CBÉ, 968: 212-216)

Loch Chorr Áillí

Louth, = An Lú

Tá sé le tabhairt faoi deara gur “thuas i Louth” a deireadh an Criomhthain, agus leis sin, tá fianaise ar dheireadh a bheith tagtha leis an seandearcadh Gaelach gur in “íochtar na hÉireann” a bhí Cúige Uladh.

Luimneach

Tá sé spéisiúil go mbíodh meas éigin ag Seán Mac Criomhthain ar an idirdhealú stairiúil idir ‘Luimní’ an ghinidigh agus ‘Luimnigh’ an tabharthach, agus is gné é seo de chaint an tseanchaí a caomhnaíodh san eagrán seo: “Is ea, i Luimnigh athá sé, mar bhí garsún liomsa ag obair ann,” (§451 | CBÉ, 967: 155-157). Bhíodh an córas seo trína chéile ar uairibh aige, áfach, agus ‘Luimnigh’ an tabharthaigh mar fhoirm ghinideach. Mar ‘Loimneach’ a thras-scríobhadh an tuiséal ainmneach an logainm seo in §462 | CBÉ, 966: 306-312.

Mám an Lochaigh

.i., Mám Bhaile an Lochaigh.

Mám Cúlach

“Tá Mám Cúlach thoir timpeall an Choma,” a dúirt Seán Mac Criomhthain in §414 | CBÉ, 1070: 153-184, agus tá an áit chéanna “c. 10 mhíle siar ó Thrá Lí” dar leis an soiléiriú breise a bhreac Seosamh Ó Dálaigh sa lámhscríbhinn chéanna. Dealraíonn sé, leis, go raibh “tig ósta” máthair chríonna Sheáin Mhic Criomhthain san áit sin, agus gur ‘gléibín’ ba nós léi féin a thabhairt ar an tig ósta sin.

Meircie, Meoraice, Meoraiceá, = Meiriceá

Glactar san eagrán seo leis an nguagacht a bhíonn ag an seanchaí i leith an logainm seo, uaireanta laistigh den mhír chéanna, mar atá in §284 | CBÉ, 1035: 425-429.

an tOileán, = Oileán Chiarraí

An Paróiste Múrach, = An Paróiste Mórach

Na Poirt

“An blúire beag [talún] atá scaoilte leis an dteampall [ar an gCill], garraithe beaga ab ea é, agus bhí tithe ann fadó, bhí na fothracha ann titithe... agus na garraithe atá ann, na poirt a thugaidís orthu”, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Poll Joe

“Tá poll insa chlaí atá ar an ngarraí ar dtaobh thuas don dtobar go nglaoidís ‘Poll Joe’ air”, (§417 | CBÉ, 1035: 165-172)

Queenstown, = Cóbh

Ráth na hÁth mBuí

“Tá Ráth na hÁth mBuí thíos insa Leitriúch,” a scríobh SÓD mar nóta in §451 | CBÉ, 967: 155-157.

Rath Fhionáin

An Seana-Mhám

Sliabh an Choimín

Sliabh na Claise

An Square

“Bhí sé istigh sa Square i dTrá Lí”, (§384 | CBÉ, 967: 104).

Talamh an Éisc

Tá ainm an chúige Cheanadaigh seo le fáil faoin gceannfhocal ‘talamh’ in IED, agus faoin gceannfhocal ‘Newfoundland’ in EID.

Taobh an Chnoic

“Baile i bParóiste an Chlocháin,” a bhreac Seosamh Ó Dálaigh mar nóta lámhscríbhinne in §484 | CBÉ, 936: 404-407 mar ar thug Seán Mac Criomhthain gurbh ann a mhair aintín dó.

Tiarnas na gCraobh

Tiobrad Ára, = Tiobraid Árann

Ba é “Tiobrad Ára” an ghnáthfhoirm a bhíodh ag Seán Mac Criomhthain don logainm seo. Is féidir gur trí analach leis an tseanfhoghraíocht a bhain leis an leagan Béarla (agus an ‘y’ in Tipperary á rá mar *schwa*) a tosnaíodh ar an logainm Gaeilge a réadú ar an gcuma seo. Seachas “Bleá Cliath”, is é “Tiobrad Ára” an áit in Éirinn is faide ó Chiarraí a mbíodh logainm Gaeilge ag Seán Mac Criomhthain di.

Tír na Lochlarnach, .i., na Críocha Lochlannacha.

Tobar na Saileach

Tráigh an Mhóraigh

“Tráigh an Mhúraigh thuaidh”, arsa Seán Mac Criomhthain tráth, “á mbeadh glór aici, bheadh aimsir breá chughat”, (§274 | CBÉ, 979: 148-149).

Waterford, = Cathair Phort Láirge

Ainmneacha daoine

Mac Aogáin, Seán

Baker, Micí Mor

Baker, Peatsaí

Baker, Seán

Fear a mhair i gCathair Deargáin agus a bhfuil mír iomlán ina thaobh againn in, (§129 | CBÉ, 977: 234-235).

Baker, Siobhán

Baker an Daingin, Tom

Tá taifeadh ar theaghlach amháin Baker a bheith ina chónaí ar Shráid na nGabhar sa Daingean sa bhliain 1901, buachaill naoi mbliana d’aois darb ainm Tom, agus John le Gaeilge agus Béarla gan léamh gan scríobh a thugtar ar a athair a bhí caoga bliana d’aois agus ag obair mar “general labourer” an uair sin. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002477909/>

Ó Beaglaoich, Mícheál “Seana-Choirce”

“‘Seana-choirce, seana-choirce,’ a bhíodh ar siúl aige nuair a bhíodh a dhóthain óltha aige – an deoch, tá a fhios agat,” (§258 | CBÉ, 977: 435-439).

Ó Briain, Muiris

Fear é seo a d’iompaigh ar an gcreideamh Protastúnach, (§185 | CBÉ, 1035; 333 – 335).

Ó Bric, Diarmuid

“Ana-scoláire ab ea é... bhí sé an-fháidhiúil,” §346 | CBÉ, 966: 31-36.

Burns, Seón

Fear é seo go bhfuil a ainm mar theideal ar mhí iomlán seanchais, .i., CBÉ, 966 317-318.

Cáise, Sinéad

Bhí sí pósta le Muiris an Chipín, (§350 | CBÉ, 966, 526-530).

Ó Catháin, Peadar

Ó Cíobháin, Dónall Tiú

Is é Dónall Tiú Ó Cíobháin is ábhar d’eachtra atá tras-scríofa in §139 | CBÉ, 979: 174-177. Maireann leagan de ‘Tiú’ mar leasainm fós i measc Chíobhánaigh na Gráige, ach éabhlóid a bheith tagtha ó shin air sa tslí is gur mar ‘Tiúithí’ anois a deirtear an leasainm.

Ó Cochláin, Seán

Fear 80 bliain d’aois a bhí ar an gCill oíche dar ghabh Seosamh Ó Dálaigh chuig Seán Mac Criomhthain, agus a chuir go mór leis an bplé ar chursaí creidimh a bhí acu ar an ócáid sin seanchais (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Ní Chorráin, Máire Ní

Connor, Eoghan Bán

“Eoghan Bán Connor a bhí san oileán, bhí sé ina *shouper*”, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Connor, Johnny Neil

Fear leigheasta an ghalair chaim sna ba, (§21 | CBÉ, 968: 530-536).

Connor, Guistí

“Sa Mhachaire, in aice Chaisleán Ghriaire, do mhair Mícheál Ó Conchubhair – Guistí, file, sa chéad leath den naoú aois déag. Bhí leasainm ar gach treibh des na Conchubhraidh, mar do bhí a lán treabh acu ann. Na Guistí an treibh gur díobh an file. Seachas na Guistígh, bhí Cathaoirigh, na Ladhraigh, na Bánaigh, na Mantaigh, na Gaibhnigh, na hAodhanaigh, is mar sin dóibh, ar fuaid Chorca Dhuibhne, ach táid na hainmneacha san ag dul as aithne anois”, (Ó Dubhda, 1933: 85). Má bhí féin, deir Eoghan Ó Loinsigh ón gceantar céanna liom go bhfuil ‘Guistí’ fós in úsáid mar leasainm ar roinnt do Chonchubharaigh an Leitriúigh.

Connor, Liam, = Liam Chathaoir

Connor, Paddy, = Connor, Peaid Liam

Connor, Peaidí Liam = Connor Peaid Liam

Connor, Peaid Liam

File ab ea Peaid Liam a bhfuil mír iomlán seanchais againn air in §345 | CBÉ, 1035: 325-327, agus deirtear sin sa lámhscríbhinn gur táilliúr leis ab ea é, agus go raibh sé dall. Bhí sé pósta le Nóra Hibeard, (§344 | CBÉ, 936: 545-546).

Connor, Peeler = Connor, Pílear

Connor, Pílear

“Pílear a bhí sa Daingean go dtugaidís Pílear Connor air. Ana-dhrochghéag ab ea é. Bhí fear ón áit ar theitheadh, agus chuaigh sé go Meoraice, agus lean Pílear Connor go Meoraice é, agus fuair sé amach thall é, agus thug sé leis ‘on Daingean é’, (§374 | CBÉ, 979: 188-191).

Connor, Micil Sheáin

“Bhíodh sé ag obair don ministir”, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Coughlan, Seán, = Ó Cochláin, Seán

Cráin, Hugh

Criomhthain, Peaid, = Mac Criomhthain, Pádraig Mór

Ba é seo athair críonna Sheáin Mhic Criomhthain, (§216 | CBÉ, 1035: 264-266)

Ó Donnchadh an Dúin, Diarmuid

Is é an duine seo is ábhar do mhí iomlán seanchais in §248 | CBÉ, 967: 33-34.

O'Donnell, Maidhc

Doody, Micil

Feirtéar, Micil

Feirtéar, Muiris

Feirtéar, Peaidí

“Bhí Peaidí Feirtéar babhta ag lorg vótanna do féin chun dhul isteach mar *ghuardian*’, (§390 | CBÉ, 1035: 320-322).

Ó Finn, Séamus

Is é an phearsa seo is príomhábhar do dhá mhír seanchais san eagrán seo, .i., CBÉ 968, 23-26 agus CBÉ, 936: 553-555, agus luaitear é i míreanna eile, leis. Bhí seanchas bailithe ag Seán Ó Dubhda ina thaobh chomh maith in CBÉ, 1115: 81-82. “Ní bhíodh do nath age Séamus”, arsa an Criomhthánach, ach, “nár fheicfeadsa an diabhal ná an bóthar go ngaibheann sé”, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313).

Flannery, Mary an Chalaídh

De Focs, Clás

“Táilliúir i gCnoc an Bhróigín”, (§65 | CBÉ, 968: 159-160).

Foley, Peaid

“Saor gur aniar ó Chlochar”, (§401 | CBÉ, 977: 330-332).

Foley, Seán

Gearalthach Bhaile na hAbha, Diarmuid

Tá cur síos ar ghníomhartha an Ghearltaigh seo a d’fhág mar ‘ghaiscíoch’ a chuireadh Seán Mac Criomhthain síos air in §70 | CBÉ, 966: 408-411; §71 | CBÉ, 968: 3-5; §VIII | CBÉ, CT0320.

Gearalthach, Muiris “an Chipín”

“De Ghearltaigh Mhuroragán dob ea Muiris seo,” a deir Seán Ó Dubhda i dtaobh an duine gur cumadh dó ‘Caoineadh ar Mhuiris ‘ac Gearailt’, ach deir sé ina theannta san nach bhfuil “deimhin arbh é Muiris an Chipín é nó nárbh é. Ba leis na Gearaltaigh úd ó Mhullach Bhéal go Sróin Bhroin tráth.” (1933: 138). Bhí Muiris an Chipín pósta le Sinéad Ní Cháise (§350 | CBÉ, 966, 526-530). “Muiris an Chipín” a thugtaí air de bharr, a deir SÓD linn, go mbíodh sé “ag troid agus a chlaíomh caite go dtí an méid a bhí ina dhorn agena chlaíomh” (§350 | CBÉ, 966: 526-530).

Goodman, Parson

I mBaile Móir a mhair an duine seo dar le Seán Mac Criomhthain in §418 | CBÉ, 977: 351-352. Áiríodh ‘Thomas Goodman’ a bheith mar cheann tí i dteach i mBaile Áimín Treant, ciliméadar ar shiúl ó Bhaile Móir, le linn do dhaonáireamh na bliana 1901 a bheith á chur i gcrích. Bhí a bhean caillte, ach bhí a dheirfiúr Mary sa teach ina theannta maille leis na buachaillí aimsire a áiríodh ann. Baill d’eaglais na hÉireann an bheirt, bhí Gaeilge agus Béarla ar eolas acu mar theangacha. “Farm late paymaster rd” a luadh mar ghairm leis. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861538/>

Grey, Peatsaí

Fear ón Daingean go raibh oiread airgid aige “gur chuir sé banc ar bun é féin”, (§416 | CBÉ, 1201: 97-119)

Griffin, Jimeen

“Griffin i mBaile an Mhuilinn” a bhí i gceist dar le nóta ó SÓD, (§397 | CBÉ, 1035: 468-470).

Griffin an Daingin, John

Hearcaigh, Liam Rua

Heckson, Seán

Hilliard, Tom

Hibeard, Nóra, = Herbert, Nora

Bhí ‘fios’ ag Nóra Hoibeard, agus bhí sí pósta leis an bhfile Peaid Liam Connor (§344 | CBÉ, 936: 545-546).

Houlihan, Dan

Jane, Julia

Keye, Lear

“Athair Lear Keye a bhí sa Daingean, píleir ab ea é”, (§407 | CBÉ, 1035: 222-226).

Ó Laighin, Séamus

Ó Laoi, Mícheál

Ó Loingsigh, Seán Pól

“Úinéir an tí ar an Riasc gur tugadh ‘Tig Phaul’ air,” (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Ó Loinsigh an Chlocháin Dhuibh, Maidhc

Ó Loinsigh, Muiris

Long, Tom

Maoileoin, Peaidí

Maoileoin, Tom

“Veidhealadóir” ab ea é seo dar le fo-nóta ó Sheosamh Ó Dálaigh i mír §230 | CBÉ, 1035: 436-438 ar ‘Chóchaláin Rince’

Ó Maoileoin, Tomás na bPúcaí

Eachtra ar Thomás na bPúcaí is ábhar do §346 | CBÉ, 966: 31-36.

McDonnell, Jim

Bhí sé seo ag rith i gcoinne Pheadí Feirtéar go gcuirfí isteach mar ‘guardian’ é, (§390 | CBÉ, 1035: 320-322).

McDonnell, Patty

McDonnell, Tom

“Cócaire ab ea é age Lord Ventry”, (§417 | CBÉ, 1035: 165-172).

Ó Mainnín, Tom Beag

Siopadóir a bhí sa Daingean ab ea an duine seo a dtagraítear dó mar ‘Mhainíneach’ , (§85 | CBÉ, 977: 348-350).

Ó Móinbhiol, Seán

“Bhí sé i gCnoc an Bhróigín ina chónaí, bhí aithne mhaith agam fhéinig air, Seán Móinbhiol ab ainm do. An-amhránaí ab ea é”, (§486 | CBÉ, 966: 514-515). Bhí nach mór cúig bliana déag ar fhichid ag Seán Móinbhiol ar an gCriomhthanach Óg, más fíor a ndeir daonáireamh na bliana 1911 tráth ar tuairiscíodh go raibh fear Chnoc an Bhróigín in aois a chúig bliana déag le cois an trí scór: <http://census.nationalarchives.ie/reels/nai002479711/>

Mórain Chnoc na hAbha, Maidhc

Moriarty Ghallrois, John

Mar ‘Mrorty’ a thras-scrítí an sloinne Moriarty de ghnáth.

Moynihan, Batt

Murchú, Seán Ó

Quinlan na Bánóige, Seán

Tá mír iomlán seanchais ar an duine a bhíodh ag iascach agus a ndeirtear faoi gur bhain sé Tír na Lochlarnach amach sa bhád a bhíodh aige, (§410 | CBÉ, 968: 70-73).

Réadóra, Muiris,

Fear a bhí i Lios Póil ag deireadh na hochtú haoise déag a ndúradh faoi go raibh fios aige, dar le trácht a bhreac Seosamh Ó Dálaigh mar fo-nóta in §145 | CBÉ, 968: 66-68.

Reála, Bríd Ní

‘Fhreála?’ scríofa isteach mar mholadh ar litriú ceart a sloinne sa téacs ag Seosamh Ó Dálaigh, (§355 | CBÉ, 968: 545-547)

Ruairc, Jim

Bhí an fear seo pósta i dTaobh an Chnoic le haintín Sheáin Mhic Criomhthain (§29 | CBÉ, 977: 260-261) darb ainm di Caitríona. Ó Mhurorgán, Bréanainn a tháinig an duine seo de mhuintir Uí Ruairc lenar phós sí. (2010: 230).

Ruiséal, Dáithín

Ó Sé, Aindrias

Ó Sé, Diarmuid

Fear báid agus cumadóir ceathrúna ab ea an duine seo ón Leitriúch, agus bhí gaol ag Seán Mac Criomhthain leis (CBE, 1035: 466-467)

Ó Sé, Dónall Mór

Ba é seo sín-seanathair Sheáin Mhic Criomhthain faoi mar a deir sé féin linn san eachtra inar cheannaigh Dónall Mor an capall le hairgead ó shagairt agus a fuair droch-chapall dó féin dá bharr sin, (§216 | CBÉ, 967: 108-110).

Ó Sé, Micil

Ó Sé, Mícheál “An Braighdeán’

c.f. “An Braighdeán’

Ó Sé, Peaidí

Ó Sé, Seán na Droinne

Ba as Cathair Scoilbín dó seo agus dá athair Micil thuasluaite, agus is iadsan príomhphearsana §149 | CBÉ, 977: 232-233. ‘An Droinn’ a thugtar i gcónaí ar ghort áirithe i gCathair Scoilbín dar le Helen Ní Shé a chuir an t-eolas sin ar fáil dom. Ní hannamh foirmeacha agus leaganacha den fhocal ‘dronn’ a bheith ina mhír i logainmneacha, is cosúil. Le gan ach samplaí ó chontae Chiarraí amháin a lua, tá a leithéid d’áit agus ‘An Dronnóg’ i bparóiste an Teampaill Nua, agus in Uíbh Ráthach a fhaightear ‘An Fhail Dronnach’. Tugann IED sampla na Ré Dronnaí: “An Réidh D., *lit.* the ridged plain, a townland in *Ker*.”

Ó Sé, Tadhg

Hill, Seán Sheáin

Tá mír iomlán seanchais ar an duine seo in §355 | CBÉ, 968: 545-547 mar a luaitear go raibh se pósta le Máire Ní Chráin

tSeancháin, Séamus Óg

Deir fo-nóta ó Sheosamh Ó Dálaigh gur ‘Muircheartach’ ab ea é seo, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Sheridan, Méiní

‘ac Síthigh, Maonus

Mhair sé seo i mBaile an tSagairt (§354 | CBÉ, 936: 385-387) ar an dtaobh thoir den Daingean, agus Thomas Thomson mar Thiarna Talún aige nó gur dhein an Tiarna iarracht é a chur amach, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184).

Suibhne, Dónall

“Bhí táilliúr ag obair ar an mbaile seo turas. Dónal Suibhne a thugaidís air. N’fheadar gadé an cine bhí air, ach do bhí ana-dhúil i dté aige”, (CBÉ, 1035: 336-337). Is ait an chuma go ndúirt an Criomhthanach nárbh eol dó cén cine a bhí air mar go raibh sé díreach ráite gur ‘Suibhne’ a bhí air.

Ó Súilleabháin, Mícheál “Micí na gCloch”

“Seanchaí a bhí sa Daingean 50 bliain ó shoin,” a mhínigh Seosamh Ó Dálaigh i nóta lámhscríbhinne in §408 | CBÉ, 979: 177-178, agus “seanchaí maith ab ea é dé dheabhraimh” a dúirt se in §206 | CBÉ, 979: 204-208. Bhí a thuilleadh eolais ag an Dálach air in §184 | CBÉ 981: 383-399: “D’imigh sé go Meoraice. Tá mac do ina mhinistir i Meoraice. Is clos dom fé ainm athraithe Mr. Stone”. Dealraíonn sé gurb ionann é seo agus an feirmeoir caoga cúig bliain d’aois a tuariscíodh i ndaonáireamh 1901 a bheith ag maireachtaint i mBaile Uí Shé lena bhean chéile agus a thriúr clainne <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861152/>. Ní luaitear aon Súilleabhánach darb ainm baiste dó ‘Mícheál’ i ndaonáireamh 1911 áfach.

Ó Súilleabháin, Seán na gCloch

Sullivan, Boggy

In Imileá na gCrann a mhair sé seo, agus ní deirtear linn cén t-ainm baiste a bhí air ó cheart,

(§417 | CBÉ, 1035: 165-172). Na “Boggies” a thugtaí ar na Sullivans ar fad a bhí in Imileá na gCrann, (§411 | CBÉ, 980: 963-968).

Sullivan, Dónall an Ché

“Bhí iascaire ón Leitriúch, Sullivan aníos ón gCé, tá mac do thíos fós go nglaonn siad Dónall an Ché air”, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Sullivan, Tomásín

Sullivan, Peaidí

Sullivan an Choma, Seán

Thomson, Thomas

Is é féin is ábhar do mhír §354 CBÉ, 936: 385-387. Tiarna Talún ab ea é a cailleadh agus é ag iarraidh Maonus ‘ac Gearailt a dhíshealbhu.

Walker, Seán

“Bhíodh lánú thíos i Sráid an tSeana-Sháipéil sa Daingean. Bhíodar i gCathair Deargáin ina dhia’ san, Seán Walker , agus a bhean’, (§294 | CBÉ, 977: 419-422). Is dócha gurb ionann an fear seo agus John Walker, cainteoir aonteangach Gaeilge agus sclábhaí talmhaíochta a dúradh a bheith ina chónaí i gCathair Scoilbín le linn do dhaonáireamh 1911 a dhéanamh:

<http://census.nationalarchives.ie/reels/nai002517619/>.

Walsh, Ned

Walsh, Peats

Ward, Seoirse

Williams Cathair Deargáin, John

“Bhí asal is cairt aige... Bhí ana-asal aige”, (§348 | CBÉ, 966: 31-36), agus bhí sé go maith lena lámha leis: “Tig na scoile anso thíos, bhí Williams Cathair Deargáin ag déanamh *repair* air,” (§128 | CBÉ, 979: 73-790). Bhí a thuilleadh de mhuintir Williams ann, agus dealraíonn sé gurbh é “Williamsaí” an uimhir iolra a bhíodh in úsáid don sloinne seo, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Ainmneacha ar ainmhithe agus ar rudaí neamhbheo

Bachal (madra)

Benevis (bád)

Bháitéir (cat)

Diní (madra)

Díó (madra)

Frederick (madra)

Jacky the Lantern (solas)

Jaison (capall)

Major (madra)

Mórán (bó)

Scataí (bó)

Teartair (capall)

Ainmneacha daoine a raibh teidil orthu

Father Alpin

Thug Seán Mac Criomhthain le fios gurbh é an fear seo a chuir tús leis an nós ‘souters’ a thabhairt ar dhaoine a d’iompódh go dtí an creideamh Protastúnach. Roimhe sin, is é an téarma ‘turncoats’ is mó go mbaintí leas as, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Máistir Benson

Mar ‘Benchun’ a thras-scríobhtaí a shloinne seo sa lámhscríbhinn. Tá an fear seo luaite i ndaonáireamh 1901 mar a ndeirtear faoi gurbh as Cill Chainnigh é, gur ball d’Eaglais na hÉireann, agus gur mhúinteoir náisiúnta a bhí ann.

Mister Bland

Duine de bheirt a bhí ag ithe feola ar Aoine an Chéasta, rud a chuir alltacht ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin, (§367 | CBÉ, 936: 400-401).

Father Brasby

Is é scéal Father Brasby a eachtraíodh i mír §221 | CBÉ, 968: 543-544 mar a ndúradh go raibh sé “ina *coadjutor* ar an Muirígh”.

Tiarna Brúnach

Tiarna ab ea é seo ó Ghallros (§399 | CBÉ, 968: 212-216) go raibh fiagaí an-suaithinseach aige, (§251 | CBÉ, 968: 343-348).

Father Carmody

“Sagairt ón Daingean a bhí mar *coadjutor* ar an mBuailtín Thiar”, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Dochtúir Dagg

“Mr. Dagg V.S.” a thug SÓD mar eolas breise i lámhscríbhinn §348 | CBÉ, 966: 31-36. Is ionann é agus an William Dagg a luaitear an fear céanna i ndaonáireamh 1901 tráth a raibh sé ag maireachtaint ar phríomhshráid an Daingin uachtarach (<http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861000/>). Ba ó Thiobraid Árann é an chéad lá, agus bhí sé aistrithe go Sráid Eoin faoi aimsir dhaonáireamh 1911 (<http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002478242/>). Luann an dá cháipéis ar ‘veterinary surgeon’ ina bhall d’Eaglais na hÉireann, pósta sa Daingean le ‘Frances’, bean ó Chill Mhantáin, gan aon mhuirear orthu. Bhí a thionchar ar Ghaeilge Chorca Dhuibhne tagtha anuas go dtí aimsir Bhreandáin Mhic Gearailt ar cuimhin leis a leithéid de ráiteas agus “b’fhearr Dagg go mór ná an diabhal san’ a bheith á rá ag a athair agus feirmeoirí eile na dúthaí i dtaobh aon dochtúir eile a thagadh i gcabhair orthu. “Dá dteipfeadh ort, chaithfeá dul go dtí Dagg” a mhínigh an Gearaltach dom (Mac Gearailt, 2016).

Father Dan = Father Ó Súilleabháin, Dan (Ó Cíobháin, 2017)

Captaen David

Bhí tigh déanta le slataí ar an Min Ard aige, (§400 | CBÉ, 968: 212-216).

Father Devine

Sagart paróiste an Daingin aimsir an ghorta agus roimis, agus tá sé de theist air i seanchas na háite go raibh aighneas an-mhór aige le Tomás “an Éithigh” Ó Muircheartaigh, an ministir gallda a bhí i gceannas ar fheachtas an tsúip, ó chúrsaí an ‘colony’ go dtí an coláiste bíoblóireachta, (Ó Cíobháin, 2017).

Father O’Donoghue

Bhí sé seo ag múineadh sa scoil in Ard Fhearta as ar briseadh Máistir Davis, (§392 | CBÉ, 968: 175-180).

Athair Eachthigheirn

Sagart a bhí ar an Muirígh, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Máistir Footcroft:

“Bhí formhór na hÉireann ar fad siúltha aige. Footcroft ab ainm do,” (§49 | CBÉ, 967: 284).

“Fear ana-dheas ab ea é ar a shon é a bheith ina Shasanach. Is dócha go bhfuil chúig mbliana is dathad ó bhí sé anso. Bhí sé timpeall lé trí fichid an uair sin. Bhí Éire ar fad siúltha aige, ag imeacht ag múineadh scoileanna. Bhí sé féin is a bhean ann, agus beirt leanbh. Scrígh sé chugham tréis an áit seo a dh'fhágaint, agus is é áit go raibh sé ná thíos i County Down an uair sin. Níl aon scéal a bhíodh ar an bpáipéar ná niseadh sé dom,” (§123 | CBÉ, 936: 408-410).

Father Griffin

Is é a cheap an riail ó thaobh gan aon chead a bheith ag tuismitheoirí “dul siar ar an mBuailtín le aon leanbh chuinn é a bhaisteadh, ach Dé Céadaoin, agus Dé Sathairn”, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539)

Mister Hexon

Deir Breandán Ó Cíobháin liom gur ‘Hickson’ an leagan ceart de ‘Hexon’, leagan a scríobhadh de réir na cainte gan dabht.

Father Hones

Máistir Honlihan

Ar an Muirígh a bhí an fear beag seo “[nach] raibh dóthain cait d'fheoil air aon lá riamh,” (§174 | CBÉ, 982: 278-281).

Máistir Kennedy

Miss Lamb

Duine den triúr ban a bhíodh ag coinneáil “suas” na Sasanach a thagadh go dtí an ceantar d'fhonn daoine a iompú, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Father O'Leary

Máistir Davis

“Bhí Davis ina mháistir scoile, Caitilicí, agus dhein Father Éigin agus Father Donoghue Ard Fhearta é a bhriseadh as an scoil, agus sin é fé ndeara dho iontú, agus tháinig sé anso ansan. Bhí a mháthair ina Caitliocaí, ach d'iontaigh a bhean leis”, (§392 | CBÉ, 968: 175-180). I dtaca leis an eachtra céanna, tá an méid seo a leanas scríofa ag Breandán Mac Gearailt, a dúirt gurbh as tuath thuaidh Thrá Lí dó, seachas “Sasana”, agus go raibh ‘Davies’ tar éis “bualadh fé ag béal dorais Chriomhthain [Mór] mar a raibh an scoil Ghallda. Bhí an sagart ansúd tréis Davies [sic] a bhriseadh as a phost. Chuaigh Davies [sic] leis an ‘soup’, má chuaigh. Bhí leanaí bhailte na Cille isteach is amach dtí a chéile. Ach nár chum diablóir éigin don sagart áitiúil go raibh iníon an Chriomhthanaigh ag dul leis an ‘soup’ agus go mbíodh sí go minic istigh i dtigh Davies [sic]. Ní raibh aon rian fhírinne sa chaint fén ‘soup’. San idirlinn, buaileadh breoite Seán agus glaoadh ar an sagart Ó hAogáin. Tháinig an sagart agus níor fhág sé thoir ná thiar ar Chriomhthain é, rud a chuir an gumh dearg ar an bhfear macánta, Seán Ó Criomhthain, [Mac Criomhthain]”, (Mac Gearailt, 2010: 230-231).

Father McCarthy

Dochtúir Hudson

“Dochtúir Protastúnach ab ea é seo”, a deir Seosamh Ó Dálaigh mar nóta lámhscríbhinne linn in §392 | CBÉ, 968: 175-180. Is ionann an dochtúir Protastúnach seo agus an fear 58 bliain d'aois a dtugtar Robert mar ainm baiste air i ndaonáireamh na bliana 1901. I dTrá Lí a rugadh é, agus cúigear déag clainne a rugadh do féin agus dá chéile Mary. Ba é Edward in aois a chúig bliana déag dó an té ba shine den ál, agus

searbhónta darb ainm Mary Prenderville, Caitliceach ó Oileán Chiarraí, ag friotháil orthu, is dócha. Luadh gach aon duine den chlann a bheith ina ‘scholar’, léamh agus scríobh acu go léir fág as an té ab óige John Victor Alexander – dá léannta iad, ámh, ní luaitear aon eolas a bheith acu ar an nGaeilge <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861414/>. Dá líonmhaire tamall iad, duine acu níor fágadh sa Daingean faoi dhaonáireamh 1911.

Aimiréal Moriarty

I mBaile an Éanaigh a bhí sé seo ag maireachtaint ar an oíche gur tarraingíodh anuas a ainm mar chuid den ócáid seanchais a bhfuil tras-scríobh uirthi in §166 | CBÉ, 965: 551-552. Tá amhrán a cumadh ina ómós le fáil in *Duanaire Duibhneach*, ‘Fáilte roimis an Aimiréal Ó Muircheartaigh’, agus is é an t-eolas seo a leanas atá le fáil sa réamhrá beag a chuir Seán Ó Dubhda leis an amhrán sin: “Fear ab ea an tAimiréal Ó Muircheartaigh a bhí ina choláisteánach sa bhFrainc chun sagairt a dhéanamh de, is nuair a bhí sé i mbéal a bheith ina shagart, d’fhág sé an coláiste, is do chuaigh ar bord áthaigh le Sasana. Do thréig sé a chreideamh dúchais, is do ghaibh sé le creideamh gall. Do bhí sé ag éiriú céim ar chéim gur deineadh Aimiréal de. Bhí sé i mbualadh Quebec nuair a bhí cogadh na saoirse ar siúl i nAmerica” (1933: 121)

Captaen Mullins

Count Ó Néill, Tomás

“Tomás Ó Néill ab ainm do. Count Ó Néill a tugtaí air”, (§110 | CBÉ, 967: 37-40).

Miss Roderick

“Duine den triúr ban a bhíodh ag coinneáil “suas” na Sasanach a thagadh go dtí an ceantar,” (§207 | CBÉ, 1178: 499-539)

Father Scannell

Sagart ab ea é seo a léadh amach ainmneacha na ndaoine nach ndíoladh an ‘cess’, (CBÉ, 1201: 195-210)

Father Scully

Máistir Ó Sé

Father Ó Súilleabháin, Dan

Father O’Sullivan, Eoghan

Sagart sa Daingean ab ea é seo gur deineadh caoineadh do atá le fáil san eagrán seo, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313)

Mister Stokes

Duine de bheirt a chuir alltacht ar Eoghan Rua Ó Súilleabháin nuair a rug sé orthu agus feoil á hithe ar Aoine an Chéasta acu, (§367 | CBÉ, 936: 400-401)

Minister Swingle

“Bhí Swingle mar mhinistir anso aimsir an drochshaoil”, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184)

Lady Ventry

Is é an t-aon bhlúire eolais a bhí le fáil againn i dtaobh Lady Ventry tríd an seanchas ná gur “ana-bhean chártaí ab ea í”, (§374 | CBÉ, 979: 188-191).

Lord Ventry

Ainm ab ea Lord Ventry a luadh Seán Mac Criomhthain go minic tríd an seanchas, le scéalta a léireodh clisteacht go mór mhór, agus cé gur tharraing Pádraig Ó Niallagáin anuas an phearsa chéanna ar eagrán an 17 Feabhra 2017 de *An Saol ó Dheas*, ní mór cuimhneamh, dar le Breandán Ó Cíobháin, gur theideal ab ea Lord Ventry, agus gur mó duine a raibh an teideal céanna aige, agus go bhféadfadh sé gur pearsana difriúla atá laistiar den seanchas a leagadh an Criomhthanach ar aon ainm amháin, ‘Lord Ventry’.

Missis Walker

“Duine den triúr ban a bhíodh ag coinneáil “suas” na Sasanach a thagadh go dtí an ceantar,” (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Marqis of Waterford
Dochtúir Williams
Duke of York

Leasainmneacha, sloinnte, agus ainmneacha neamhiomhlána

Abbey
An Braighdeán

“Tá fear ar an mBóthar Buí thuaidh in aice leis an sáipéal go dtugann siad an Braighdeán, agus bhíodh sé ag bothántaíocht i dtaobh éigin’, (§141 | CBÉ, 979: 155). Is é an míniú a fuaireas ó chomhfhreagraí ananaithnid ón gceantar ná gur bunaithe ar an bhfrása Béarla “bright dawn” atá an leasainm seo – is dealraitheach go mbíodh sé de theist ar an mBraighdeán seo go mbíodh sé ag filleadh abhaile le moch maidine ar an rothar dó. Dar ndóigh, tá an focal ‘braighdeán’ leis in FGB, agus ceangal coirce is ciall leis i gcomhthéacs na curadóireachta.

Amrós Cheann Trá

Duine de na daoine a chaith tréimhse mar mhúinteoir a bhí sa “scoil ghallda i gCill Maoilchéadair”, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Bateman

Duine de “dhá dhiabhal... atá in iofrann’ a dúirt Seán Mac Criomhthain faoin duine seo, (§438.CBÉ, 966: 521-525). Ba é Yeldon thíosluaite an ‘diabhal’ eile.

Beaglaioich Chorr Áilí

Biornach

“Biornach a bhí i mBaile na bhFinniúrach ab ea é. Tá a mhac fós ann’, (§315 | CBÉ, 1151: 224)

Bowler

“Bhí sé anso theas i Rinn Chonaill, Bowler, agus bhí Rinn Chonaill ar fad aige, ach cuid an Mháirtínigh”, (§306 | CBÉ, 1035: 471-473)

Broderick

“Broderick a bhí i dTrá Lí, aturnae ab ea é, agus feairín ana-bheag ab ea é”, (§281. CBÉ, 965: 45).

Broisníchin ó Bhaile Dháith

Broisníchin ó Chuiríní

“Bhí máistir roinne ag múineadh scoile ar an Muirígh, ag múineadh scoil rince ar an Muirígh, agus againn fhéin a bhíodh sé ar lóistín’, (§228 | CBÉ, 968: 86-89).

Na Breens

Faightear tagairt do “na Breens” agus an Criomhthanach i mbun seanchais ar an amhrán ‘Bachal Óg’ mar a raibh an nóta seo a leanas scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh: “deir an Criomhthanach gurb é Breen a bhí thíos i gCé Bhreandáin i bParóiste an Chlocháin a dhein [Bachal Óg] agus gur chuimhin léna athair Breen. Ní raibh a thuilleadh cuntais aige air. Is é Breen a dhein ‘Caoineadh Bhachail’ leis atá scríte cheana againn ón gCriomhthanach”, (§432 | CBÉ, 968: 190-193). Mar ‘Bás Bhachail’ a fhaightear san eagrán seo é. Dealraíonn sé go gur “ana-ghadhar” ab ea ‘Bachal’, (§433 | CBÉ, 966: 375-377).

Buke

Callaghan

Cáit Mhicí

Carty

“Bhí sé i mBaile Móir, Carty – ní fiú dhuit é seo a scríobh mar níl ann ach aiteas a bhí ar dhuine. Bhí mac leis siúd ag obair sa *phoorhouse*”, (§348 | CBÉ, 966: 31-36).

na Coffeys

“Treibh tincéirí ó Chorcaigh,” a deir Seosamh Ó Dálaigh mar nóta i lámhscríbhinn §228 | CBÉ, 968: 86-89.

Connelly

Fear bocht a bhí “thíos insa Chaisleán fadó. Ní raibh aon tslí bheatha aige, ach cheithre cinn do *tarriers* beaga,” (§292 | CBÉ, 968: 195-197).

Ó Coistealbha

Cox

“*Souper* a bhí ar an mBuailtín. Thiar i mBóthar Leataoibh a maraíodh é sin. Stróinséir ab ea é”, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Cúiréirín Dowd

Bhí tuairim ag Mícheál “Toose” Mac Gearailt go bhféadfadh sé gur leasainm é seo (Mac Gearailt, 2017), agus go mb'fhéidir go mbaineann sé leis na focail “ciúrach” agus “féirín’.

Dónall an Phóna

na Dorgans

Dowd an Chrosaire

Edmond Bán

Foley ó Bhaile an Mhuilinn

Gabha Barry

Thiar ar an gCluais a mhair an duine seo de na gaibhne a bhíodh ag Lord Ventry, (Ó Cíobháin, 2017).

an Gearbhach

“An bhfeiceann tú tig an Ghearbhaigh sin i mBaile na nGall – níl idir sin anois agus an fhaill, ach *track* cairte, agus is mór mar atá na faillteacha á chaitheamh insa áit sin,” (§155 | CBÉ, 1035: 5-7).

Gíldean, = Yieldon

Gloster

“Bhí fear i nGallros nuair a bhí Seán Criomhthain óg, agus bhí an cheard go maith aige chuinn cléibheanna, agus birdeoga a dhéanamh. Gloster ab ea é”, a deir SÓD linn, (§296 | CBÉ, 1150: 553-557)

Gorman,

“Bhí sé ansan thuaidh i mBaile Ghainín, Gorman’, (§47 | CBÉ, 966: 141-143). Ba é ‘Garmun’ leagan na lámhscríbhinne.

na Granvilles

na Horgans

Hussey

“Aidhbhéardach talún’ ab ea é seo dar le fo-nóta ó SÓD i lámhscríbhinn, (§80 | CBÉ, 967: 171-173). Fear a bhíodh ag gníomhú ar son an tiarna talún ab ea an té ar a dtugtar ‘aidhbhéardach’ sa cheannfhocal faoi ‘aidhbhéardaidhe’ in IED.

Jack Pheaid

John Sheáin Óig

Johnny Mhicí Imleá

Jute

“*Agent* age Ventry,” ab ea é seo (§414 | CBÉ, 1070: 153-184). Lord Ventry a bhí i gceist leis an tagairt sin, agus ba é Chute, a deir Breandán Ó Cíobháin liom, an litriú cruinn ar an sloinne seo. c.f. Chute Hall i dTrá Lí.

King

“Tá tig ansan theas ar shliabh Bhaile Uí Shé go dtugann siad Tig King air. *Scotchman* ab ea King. Thug Lord Ventry ann é an chéad lá riamh. Seandúine bocht tútach críonna ab ea é,” (§148 | CBÉ, 936: 435-436).

Latchford

Dúine a bhí sa Daingean go raibh daoine ag obair dó, (§317 | CBÉ, 981: 545-550). Is dócha gurb ionann é agus Latchford an tsiopa earraí crua a bhfuil pictiúr de le feiscint i leabharlann phoiblí an Daingin. Fitzgerald’s atá anois ar an áit sin, ach siopa earraí crua is ea é i gcónaí.

Leail

“Bhí sé thíos insa Leitriúch. Leail an leasainm a thugaidis air, agus bhí cailín ann, agus theastaigh bhuaidh an cailín a dh’fháil le pósadh, ach ní bhfaigheadh sé an cailín óna hathair. Bhí scata gabhar agena hathair, agus cad a dhein Leail, ach teacht, agus breith ar ceann dos na gabhair, agus an croiceann a b[h]aint ina bheathaidh do, agus é a scaoileadh an doras isteach chúthu... Fuair sé an cailín óg le pósadh’, (§260 | CBÉ, 1035: 479-480).

Leary

Fíodóir a mhair ar an gClochán Dubh agus a bhí go maith chun cártaí, (§184 | CBÉ, 981: 383-399)

Léire

Liam Chathaoir

“An táilliúir, Conchubharach ab ea é”, (§318 | CBÉ, 1035: 446-449). Athair Pheaidí Liam, (§345 | CBÉ, 1035: 325-327)

Loingseach

“Bhí aturnae ana-mhaith i nDún Chaoin an uair sin. Loingseach ab ea é”, (§282 | CBÉ, 936: 421-424)

Lyndin

Mac Uí Fhlatharta

Mac Uí Laoi

Mac Uí Shé

na Mahoneys

“Bhí fear dos na Mahoneys ann, agus bhí sé comh heaglach d’fhear is bhí ag caitheamh éadaigh. First cousin dom máthair ab ea é, Mahoney,” (§336 | CBÉ, 967: 102-104).

Maidhc Sé

Maidhcilín Sheoin

Máire an Bhata

“Bean siúil ab ea í a bhíodh ag bailiú déirce, (§208 | CBÉ, 1178: 567-601).

Máire an Chléirigh

Maurice an Choma

Ba é “Com Ga” an Com a bhí i gceist dar le fo-nóta ó Sheosamh Ó Dálaigh, (§397. CBÉ, 1035: 468-470).

McMahons Ghlaise Bheag

Bhí leigheas acu seo, (§115 | CBÉ, 1151: 78-87).

Maitiú an Chuilinn

Fear an-saibhir a bhí mór le Lord Ventry agus a bhfuil mír ar fad faoina ainm in §375 | CBÉ, 936: 388-390.

Mícheál na mBolaí
 “Mícheál na mBolaí a thugaidís air. ‘Pictiúirithe breátha beannaithe’ agus ‘iallacha bróga,’ a deineadh sé”, (§207 | CBÉ, 1178: 499-539).

Mícheál ón bhFeothanaigh
 Moriarty na Mainíneach
 Fear a crochadh i dTrá Lí, (§280 | CBÉ, 977: 341-343).

Muiris an Phona
 Muiris na Laidhre
 Fear a mhair i gCill Maoilchéadair ach nár bh eol do Sheán Mac Criomhthain féin cén ainm a bhí air, §407 | CBÉ, 1035: 222-226

Myles,
 Duine de “dhá dhochtúir a bhí sa Daingean’ a scríobh Seán Ó Dubhda mar gheall ar Myles, agus Hudson, an fear eile (1976: 98).

Ó Daoda
 Ó Néill
 Paighndear
 Peaidí Donncha
 Fear ó Bhaile an Lochaigh ab ea é seo, (§216 | CBÉ, 977: 264-268)

Peaidí Ghearóid
 Peaidí na gCéadta,
 Dealraíonn sé ó fho-nóta a sholáthair Seosamh Ó Dálaigh gurbh é “Peaidí na gCéadta ‘Sceach’” ainm iomlán fhir seo a mhair ar an gCarraig, (§345 | CBÉ, 1035: 325-327).

Peaidí Shéamuis
 an Peata Rua,
 Feirmeoir ab ea é seo a mhair i nDún Chaoín, (§46 | CBÉ, 1151: 222-223).

Sciúirdín
 Seáinín Mhóráin Leataoibh
 Seáinín na Cluaise
 Ón gCluais ab ea é seo agus maraíodh le huisce beatha sa deireadh é, (§417 | CBÉ, 1035: 165-172).

Seana-Lord
 Seán an Ghabha
 Fear gur chum Maidhc Fox dán mar gheall air agus a athair, agus ceathrú de le fáil in §391 | CBÉ, 1035: 328-329).

Seán Boc
 “Athair céile Cháit Mhicí sin ar an Muirígh, (§400 | CBÉ, 968: 212-216).

Seán Deas
 Seán Éamoinn
 Seán Jack
 Seanchaí go raibh Seosamh Ó Dálaigh ag bailiú uaidh, agus is cosúil ó méid a deir Seán Mac Criomhthain i dtaobh Sheáin Jack ná gur thíos sa Leitriúch a mhair sé: “an gcualaís riamh cuir síos ar Dhiarmuid Ó Bruic nuair a bhís i gClochán?” (§346 | CBÉ, 966: 31-36). “Bhí fear thíos ar ché an Leitriúigh fadó, agus is dealraitheach go raibh sé go maith as. Is dócha gur chualaís Seán Jack ag eachtraí air nuair a bhís thíos ann. Is mór an t-ionadh liom mara raibh cuir síos age Seán Jack air”, (§426 | CBÉ, 1035: 303-313).

Síle

Na Slatteries

Spanker

Stacaigh Thóch na Muc

Mhínigh Seán Mac Criomhthain gur mar seo a leanas a labhair fear siúil le Stacach gur garda cósta an tslí bheatha a bhí aige: “bhí Stacach eile ann ná raibh éinne clainne aige. Do ghaibh sé amach maidean sheaca, agus cad a gheobhadh sé i dtóch muc ná leanbh. Thug sé an leanbh isteach, agus dúirt sé léna bhean aire a thabhairt don leanbh, agus é a thógaint. Do dhein, agus do mhair an leanbh, agus d'éirigh sé suas, agus is é an ainm a baisteadh ar an dtreibh sin 'Stacaigh Thóch na Muc', agus is dóigh liom gur díobh san tusa,” (§351 | CBÉ, 967: 116-119).

Taidhgín na bPúcaí

The Second Job

Mac do Thomas Thomson, a tháinig go dtí an Daingean tar éis bháis dá athair, (§414 | CBÉ, 1070: 153-184)

Tomás Bán na Scuab

“Do bhí fear dos na Bánaigh anso timpeall. Tomás Bán na Scuab a ghlaoidís air, agus ar scuaba a bhí sé ag maireachtaint. Théadh sé go Cnoc Chathair Scoilbín, agus thugadh sé beart scuaba leis. Bhíodh scuaba breátha i gCnoc Chathair Scoilbín. Bhíodh beartín míoithán ansan aige istóiche, is do dheineadh sé scuaba deasa. Chuireadh sé chuige beart acu, is dh'ardaíodh leis 'on Daingean iad. Pingin is dócha a dh'fhaigheadh sé orthu. Bhíodh trí toir fraoigh, b'fhéidir, iontu, agus trí cinn do mhioitáin casta orthu”, (§294 | CBÉ, 977: 419-422).

Tomás Mhicil Tom

Thomas Eoghain

Tomás Mhíchíl

An Treantach

Is i bhFionn Trá a mhair sé seo, agus an chuma ar an scéal gur fear réasúnta gustalach a bhí ann, agus é ag caint ar ‘buachaill’ a bheith aige, ‘ploughman’ a bheith aige, agus a iníon a bheith pósta i gCorcaigh, (§340 | CBÉ, 967: 240-243). De shliocht treabhchas Normannach a tháinig an sloinne isteach sa tír sa naoú céad deag, agus bhí caisleán ag na Treantaigh sa séú haois déag sa cheantar a dtugtar Paróiste Fhionn Trá anois uirthi (Ó Cíobháin, 2017).

Yieldon

Duine de “dhá dhiabhal... atá in iofrann’ a dúirt Seán Mac Criomhthain faoin duine seo, (§438 | CBÉ, 966: 521-525). ‘Gildean’ an leagan Gaelaithe den sloinne a thug Mícheál Ó Ruairc (1998: 16) agus Seán Ó Dubhda (1933: 97-98).

Leaganacha ar leith d'ainmneacha agus de shloinnnte

Áideam, = Ádhamh

Biornach, = Breathnach.

Cathaíoraigh, = Conchubharaigh

Tá sé suimiúil nach ‘Conchubharaigh’ a thugadh Seán Mac Criomhthain ar a mhuintirse sna míreanna seachais a fhaightear san eagrán seo, ach mar ‘Cathaíoraigh’ (c.f. §394 | CBÉ, 981: 359-361 mar a luaigh sé go raibh ceangal aige le muintir Uí Shúilleabháin leis), agus míniú ar an bhfeiniméan sin againn ó Sheán Ó Dubhda: “Bhí leasainm ar gach treibh des na Conchubharaigh, mar do bhí a lán treabh acu ann. Na Guistí an treibh gur díobh an file. Seachas na Guistígh, bhí Cathaoirigh, na Ladhraigh,

na Bánaigh, na Mantaigh, na Gaibhnigh, na hAodhanaigh, is mar sin dóibh, ar fuaid
Chorca Dhuibhne, ach táid na hainmneacha san ag dul as aithne anois”, (1933: 85).
‘ac Gearailt, = Mac Gearailt.
Mar ‘Kearailt’ a bhíodh sé seo le fáil sa lámhscríbhinn.
Ní Ghearailt, = Nic Gearailt.
’ac Síthigh, = Mac Síthigh.

***Aguisín 2: Catalóg de mhíreanna seanchais Sheáin Mhic
Crimhthain i gcartlann Chnuasach Bhéalóideas Éireann.***

CBÉ 2 [Seán Ó Dubhda]
122–139: ‘Banríon na bPlainéad’

CBÉ 4 [Seán Ó Dubhda]
355–362: ‘Connors an ghandail bháin’

CBÉ 121 [Seán Ó Dubhda]
463–471: ‘An t-im a goideadh’
473–475: ‘An bhean a chíodh na daoine maithe’
477–481: ‘An rí agus an t-ordú a thug sé’
483–497: ‘An bhó a sciobadh’
499–507: ‘An bhean chabhartha’
509–515: ‘Buachaill is scian ina chois’
517: ‘An tAthair Dónall Ó Súilleabháin’
519: ‘Na gaibhne’
521: ‘Seán bocht sa cheártain’
525–535: ‘An fear gur goideadh a chapall uaidh’
537–543: ‘Captaen árthaigh agus na francaigh’
545: ‘An cat a labhair’
547: ‘Muiris Réadóra’
549: ‘Bhí a fhios ag Muiris an gála a bheith chuige’
551–555: ‘Goirtín na Crú’
557: ‘An sagart a dhein an leigheas’
559: ‘Aistriú na tine nó leac an tinteáin’
561–563: ‘An fear a bhí cailte ag teacht’
565–575: ‘Mac Uí Shúilleabháin is an bhean ón bhfarraige’
577–581: ‘Iníon Ghol agus an cuireadh dinnéir’
583–587: ‘Airgead Dhéamair’
587: ‘An Giúdach’
589–591: ‘An fear déirce go raibh a chroí san airgead’
595–597: ‘An cailín a chuireadh an t-uisce sa bhainne’
597–599: ‘Fear bocht ná raibh prátaí síl aige’
601–603: ‘Fear cianradharcach’
605: ‘Píobaire a bhí ag gabháilt an bhóthair lá’
668–670: ‘An buachaill óg agus an tseana-bhean’
670–672: ‘An seandúine agus an bhean óg’
674: ‘Tráthnóna beag déanach cois abha’
702: ‘Age túirín gréine’
704: ‘An Brianach óg’

CBÉ 446 [Seán Ó Dubhda]
213–217: ‘Ard mhaor Mhuirise agus múinteoir Mhuileann an Ghliomaigh’
285–290: ‘Caoineadh an ghabha ó Chois Abha Caoile’
290–293: ‘An caoineadh’

295–298: ‘Eachtra ar shagairt is bithiúnaigh’

CBÉ 621 [Seán Ó Dubhda]

1–12: ‘Scéal an choibléaraí’

13–14: ‘Leigheas an linbh’ | ‘Tor cabáiste dhearg’

15–19: ‘Cinniúint nó crosa nó pláinéad. Scoláire bocht’

21–23: ‘Sagart ina fhear bocht siúil’

24: ‘Cill Maolchéadair’

25–26: ‘Glaoch ola’

27–28: ‘Bean bhreote, bean leighis, buidéal’

29–32: ‘Fear agus bean leighis’

33–35: ‘An leigheas a bhí i scolb giúise’

36–43: ‘An Peaidí agus an Sasanach’

44: ‘An Peaidí agus an máirnéalach’

45–47: ‘Cailín ag caoineadh a driothár’

47–52: ‘Cailín Caitliocaí a phós Sasanach’

53–54: ‘Baintreach agus a bó agus an báille’

55–57: ‘An cailín ná pósadh Sean an mhála’

58: ‘Sean an mhála, an cailín, agus an píobaire’

59–62: ‘An buachaill agus an frog’

62–78: ‘Bithiúnach Mhullach Bhéal’

79–82: ‘Fear bocht is bradán is an fhuip naoi gcórda’

83–85: ‘Níor tháinig as gaoth mhór riamh ach báisteach’

86–90: ‘Íde a tugadh ar bhacach gan scéal ná duain’

91: ‘An toradh a thug an t-iascaire ar a mhnaoi’

92: ‘Diarmuid Ó Bric, file, agus lucht na drochaigne’

93: ‘Diarmuid Ó Bric agus an garsún’

94: ‘Cíos á dhíol le scríob na hingne’

95: ‘Diarmuid Ó Bric is bean an tiarna’

96: ‘Diarmuid Ó Bric i gCorcaigh ag ceannach siopaí’

99–101: ‘Diarmuid agus an mapa agus an *glebe*’

102–106: ‘Treabhadóir an Treantaigh’

106–108: ‘An coileach ag ramhrú fear an tí istoíche’

109: ‘Sagart ag dul chun báis is é ag faire ar ghlaoh an choiligh’

110–111: ‘Daidí na Nollag i gCill Maolchéadair fadó’

112–118: ‘Ciarán Ó Drisceoil’

119–120: ‘Seana-bhríste córda an rí i dtóin fheircín ime’

121–122: ‘An bhó bhán a cailleadh is ní hí an bhean’

124–128: ‘Feirmeoir Uibh Ráthaigh a d’ól fiacha a chuid ime’

129: ‘Freagra a thug bean mhic ar mháthair a chéile’

130: ‘Seanduine ag déanamh amhráin’

131–132: ‘Tórramh an spailpín bhoicht’

133: ‘Bean sí na Husaech’

134–135: ‘Micí na gCloch’

136: ‘Cleamhnas a briseadh’

137: ‘Cleamhnas eile a briseadh’

140–141: ‘Dónall Ó Conaill ag caitheamh a hata i bparlaimint, an teachta dála a lámhach é féin’

142–143: ‘Dónall Ó Conaill agus an capall a bronnadh air’

144–151: ‘Dónall Ó Conaill ag teacht suas le céad punt’
 152–156: ‘Fear bocht ar aonach, dhá bhullán, búistéir, Dónall Ó Conaill’
 157–159: ‘Buachaillí ag ithe bídh, bean an tí ósta agus Dónall Ó Conaill’
 160–167: ‘An gréasaí óltach a thóg an *pledge* ó Father Maitiú’
 168–171: ‘Dónall Ó Conaill ag comhrac le dhá steár’
 172: ‘Cros ar dhrom Dhónaill Uí Chonaill, Laoire fíodóra’
 173–174: ‘Leary fíodóra agus Leary mór eile’
 175– 181: ‘Buachaill ón nGarrán agus cailín Léim Fhir Léith. Fuadach, sprid, tórramh, pósadh’
 182–183: ‘An lánú’
 184–190: ‘An bhean gur tugadh rabhadh nó faisnéis di’

CBÉ 674 [Seán Ó Dubhda]

129–133: ‘Oíche ‘le Mártan’
 133–139: ‘Scéal ar Oíche le Mártan’
 140–141: ‘An bhean a chuir earball an chait sa tine oíche ‘le Mártan’
 142–144: ‘An fear go raibh leisce air an mhuc a mharú’

CBÉ 896 [Seán Ó Dubhda]

34: ‘Mar a ainmníodh na daoine seo a leanas na méireanna’

CBÉ 936 [Seosamh Ó Dálaigh]

385–387: ‘Thomas Thompson’
 388–390: ‘Maitiú an Chuilinn’
 391–393: ‘An fear ag filleadh ar an dtig tréis bháis’
 394–396: ‘Liam Chathail a thug drochghuí dhos na púcaí’
 397–399: ‘Barra na teanga do ghabhair’
 400–401: ‘Mister Bland agus Mister Stokes’
 404–406: ‘Bean thaobh an chnoic agus an fothram sa tig’ | ‘Fothrach an tsainsailéara’ | ‘Scine tobac ag titeam ar an dtalamh’
 408–410: ‘An bhean chabhartha sa lios’
 411–412: ‘Tor do ghabáiste dhearg’
 413–414: ‘Im úr mar leigheas’
 415–416: ‘Buidéal leighis á thabhairt abhaile’
 417–418: ‘Fear na ngleannta go raibh an tinneas ina chliathán’
 419–420: ‘Chualathas capall ag siúl istoíche’
 421–424: ‘An buachaill a dhíol an gamhain trí huaire’
 425–427: ‘Bríde bhodhar m’ainimse’
 428–430: ‘Fear a chuaigh ag lorg leighis ar alltach mná’
 430–433: ‘An saighdiúir a bhí ina chodladh agus an peidhleacán’ | ‘Caint na ngéann’
 434–436: ‘Muca á chuiríú’ | ‘Mada rua a choiríú’ | ‘Tig King’
 545–546: ‘Nóra Hoibeard’
 547–549: ‘An scoláire bocht agus an leanbh á shaolú’
 550–552: ‘Ag gabháilt tríd an dteampall lé iasc’
 553–555: ‘Séamus Ó Finn, fear púcaí’
 556–557: ‘Luibh contúrthach á bhaint’
 558–559: ‘Bean a bhí sa púcaí’
 560–562: ‘Bodach an bhantó’
 562–565: ‘Fuil duine ag déanamh leitean’

566–569: ‘An sagart óg agus na bithiúnaigh’
570–571: ‘Beir chughat, a ghabhair bháin’
572–574: ‘Na trí leathchorónacha a fuair an sagart’

CBÉ 965 [Seosamh Ó Dálaigh]

37–40: ‘Madra dubh á fheiscint ar an gCill’
41–42: ‘Cian’
43–44: ‘Buachaill agus spéicéir ag lorg mná’
45: ‘Broderick aturnae cliste’
46–48: ‘Mharaíos leanbh gan baisteadh’
48–50: ‘Bean i gcló spride’
51–52: ‘An bhleais’
53–56: ‘Fear siúil ná raibh aon scéal aige’
543–544: ‘An mada rua agus na dreancaidí’
545–546: ‘Cúiteamh an mhada ruaidh’
547–550: ‘Fear na bó oíche ‘le Mártan’
551–552: ‘An deoch is lú a chuir duine ar meisce’
553–554: ‘Comórtas óil’
555–559: ‘Mada rua Shasana’ | ‘An leon agus an mada rua’
560–562: ‘An bhó go raibh chúig cinn do ghamhna aici’

CBÉ 966 [Seosamh Ó Dálaigh]

21–23: ‘An geatóir a loirg leathfhiacha bradáin’
24–28: ‘Dane Swift agus a bhuachaill’
28–30: ‘An mada rua agus an bairneach’ | ‘An mada rua agus an t-uan’ | ‘Mhairbh gabhar mada rua’ | ‘An mada rua a lig air a bheith marbh’
31–36: ‘Diarmuid Ó Bric’
37–38: ‘Marú ar chormhíola’
39–41: ‘An cothú atá sa bhainne’
42–43: ‘Searrach go raibh dhá láir á leanúint’
44–46: ‘An moladh a dhein Sola’
47–49: ‘An fear siúil agus an saor’
50: ‘An mada rua agus an frog’
51–52: ‘Ní ceart frog a mharú’
53–54: ‘An bhean chabhartha agus an fhrog’
55–56: ‘Fear bainte an fhéir agus an leanbh’
57–60: ‘Deinse dhomhsa an scillinge agus déanfadsa dhuitse an mhínmheilt’
134–136: ‘An sagart agus an máistir scoile ar lóistín’
137–140: ‘An bhean a dhein an toirmeasc idir an lánúin’
141–143: ‘Fear capaill ag tiomáint muca mara’
144–147: ‘An Leaca Chumhach’
147–148: ‘Nead na fuiseoige sa choirce’
149–151: ‘An slánaitheoir agus an cuirliún’
152–154: ‘Mac duine uasail a scaip a chuid airgid’
155–157: ‘An tÉireannach i Sasana’
289–292: ‘Droichead Ráth Caola’
293–295: ‘Scéal Ghoirtín na Crú’
296–302: ‘An sagart ag goid na muice’
303–305: ‘Sprid agus an cailín marbh’

306–312: ‘Bithiúnach Mhullach Bhéal’
 313–316: ‘An gabha a bhris an leathchoróin’
 317–318: ‘Seón Burns’
 375–377: ‘Bás Bhachail’
 408–411: ‘Gearalthach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí’
 412–415: ‘Siúinéir a bhí ag ól’
 416–417: ‘Ceathrar Tadhg do ghaibhne ríothúla’
 418–422: ‘An t-aoire nár nis aon éitheach riamh’
 423–424: ‘Cailín Bhaile an Mhuilinn a chuir an t-uisce sa bhainne’
 425–429: ‘An té a bhréagnódh an rí’
 430–432: ‘An giorria ag ól na mbó’
 433–434: ‘Priocsa gé is priocfadsa gé’
 435–437: ‘Tabhair chugham do chara agus t’eascara’
 438–441: ‘An táilliúir agus bean an ime a sciobadh’
 442–447: ‘Tabhair do rún dod dhríofúr agus do stór dod mhnaoi’
 448–452: ‘Cailín bocht a dhíol bascaodaí’
 478–480: ‘Muiris Breac’
 480–482: ‘An forc sa tonn’
 483–486: ‘Bád a thagadh ar an dtráigh lé airgead’
 487–493: ‘A fharaire cheannasaigh’
 494–496: ‘Bean fheirmeora gur goideadh a sparán bhuaidh’
 497–498: ‘Connor Síol an Bhotúin’
 499–503: ‘Mac Uí Shúilleabháin Uíbh Ráthaigh i dTiobrad Ára’
 504–507: ‘Connor an ghandaíl bháin’
 508–509: ‘Deoracha ag teacht ó shúile coirp’
 510–511: ‘An mháthair a thug turas ar a mac tréis a bháis’
 511–513: ‘An corp gur las na coinne air’
 514–515: ‘Seán Ó Móinbhiól á chuir amú’
 516–517: ‘Cailín an Chaisleáin agus an sí gaoithe’
 518–520: ‘Áit go bhfaigheann gach éinne ann’
 521–525: ‘Faoistine Ghuistí’
 526–529: ‘Muiris an chipín’
 530–532: ‘Caoirfheoil á ithe ag dochtúirí’
 533–534: ‘Oideas tuaisce ort’
 535–536: ‘An Criomhthanach agus an Bhreasaíl’
 536–539: ‘Cúpla ceathrú ar Parnell’
 540–543: ‘Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanaigh’
 544–545: ‘Bhíos-sa lá breá soineanta’
 546–551: ‘Eachtraithe ar Eoghan Rua’
 551–554: ‘Filíocht Eoghan Rua’
 554–555: ‘An cú a mhairbh an mada alltha’
 556–559: ‘Bithiúnach i gcló cailín á mharú ag madra’
 560–561: ‘Madra a mhairbh cáora agus an bithiúnach’
 562–563: ‘An mar gheall ar an bpraisigh a Shíle?’
 564–565: ‘An giorria bascaithe a chuaigh on tSáipéilín’
 566–567: ‘Corrán géill cait i gcois tinn’
 568–570: ‘An eas agus francach’
 570–572: ‘Scéal Bháitéir’
 573–574: ‘Éireannach, Albanach, agus Sasanach, agus an diabhal’

CBÉ 967 [Seosamh Ó Dálaigh]

- 1–4: ‘Jack of the Lantern’
5–6: ‘Fear ag taibhreamh’
7–10: ‘An láirín rua’
11–14: ‘Feirmeoir Chnoc an Bhróigín nár dhein gáire riamh’
15–21: ‘Coinghill phósta idir bheirt naonán’
22–24: ‘An feirmeoir a dhíol a bhean an oíche a phós sé’
25–28: ‘An buachaill bocht a fuair cailín lé pósta’ | ‘Tobac dona máthair chríona’
29–30: ‘Bean sí na Husaech’
31–33: ‘An Giúdach go raibh an t-ór aige: Damer’
33–34: ‘Diarmuid Ó Donnchú an Dúin’
35–37: ‘Is mó póg mhillis a thugas riamh duit’
38–41: ‘Dúil in airgead ag seana-mhnaoi’
42–43: ‘Airgead i dtaisce i seana-chiteal’
44–45: ‘An slánaitheoir agus an druncaer’
46–47: ‘Leac an tinteáin á dh’iompó’
48–49: ‘An cóiste balbh’
50–51: ‘An púca’
52–53: ‘Bean cupaí a tharrac’
54–55: ‘An ghlas ghaibhneach’
56–57: ‘Turas Naomh Gobnait ar an gCill’
58–59: ‘Lá an Dreoilín agus na Sagairt’
60–63: ‘An tAthair Muiris Ó Cuill’
64–65: ‘An Dreoilín’
66–67: ‘Conas a tháinig Naomh Agústín chuinn creidimh’
68–69: ‘Sinsir na hEaglaise’
70–72: ‘Lá San Stiofán Saoire’
73–74: ‘Husae an Mhachaire, file’
75–78: ‘Guistí Connor ag ceannach caorach’
78–78: ‘Ainmhithe beaga is gibris chainte acu’
79–81: ‘Do bhíos-sa lá dealbh i dtaisteal an bhóthair’
82–83: ‘Tá an paróiste ag an sagart, tá an chathair age Síomoin’
84–88: ‘Guistí Connor agus Seán Ó Flathartha’
89–95: ‘Banríon na bPlainéad’
96–100: ‘Garsún a bhain banbh as cráin’
101–103: ‘Sagart agus bean luí seoil’
104–105: ‘Tig ná raibh uisce ann istoíche’
106–107: ‘Buachaillí Bhaile an Ásaigh agus an duine a ghaibh chúthu’
108–110: ‘Airgead sagairt ag ceannach capaill’
111–115: ‘An Seana-Chriomhthanach ar pósadh i mBaile an Ghóilín’
116–119: ‘Treabhcaistí’
119–121: ‘Bó ó Ghallaras i lios’
122–123: ‘Capall Muintir Chriomhthin i bpáirc’
124–126: ‘Ar an sliabh so is ea a ránga i measc cráinte gan mhúineadh’
127–131: ‘An gréasaí a bhíodh ag obair ar thaobh na sráide’
132–140: ‘Sa mhainistir lá’
141–142: ‘Is duine mé a dhéanfadh dhá ghnó’
143–145: ‘Age teora Chluain Meala agus Carraig na Siúire’
146–149: ‘Do bhíos-sa lá i Mala is mé ag ól *punch*’

150–152: ‘A fhir úd ar an dtráigh bháin is umbochón’
 153–154: ‘An sagart a leighis a dhriotháir agus fear a dhriféar’
 155–157: ‘Bean an duilisc’
 158–159: ‘Is mó cnap ramhar do dh’ith mo Neidí’
 160–161: ‘Do shiúlaíos Ware Village’
 162–164: ‘Is maidin Dé Domhnaigh ag dul go South dom ar mo *frolic* dom fhéin’
 164–166: ‘Amhrán d’fhoireann caide an Daingin’
 167–168: ‘Fox, an file a bhí i gCnoc an Bhróigín’
 169–170: ‘Bím sínte ar do thuama’
 171–173: ‘An fear bocht a sheasaimh deoch don bhfeirmeoir mór’
 174–176: ‘Tá an chéad tig go gcónaís ar lá’
 177–178: ‘Mo ghrá sibh is mo thaisce a *bhreed* na ngaibhne glana’
 179–180: ‘Mo chraiteacht mar is álainn é an rachmas’
 181–182: ‘Tosnú an tobac ar thórramh’
 183–184: ‘An Francach a thug na prátaí go dtí an lánú bocht’
 185–186: ‘Deisbhéalaí Phiarais’
 187–188: ‘Sprid i Mám na Cille’
 189–192: ‘Mo ghrá thú agus mo thaisce, agus ba mhór lé rá tú tamall’
 193–196: ‘An té is mó chonaic iontais’
 197–200: ‘Na trí chomhairle’
 201–203: ‘Duine ná raibh éinní ag déanamh mearthail do’
 204–206: ‘Diarmuid Ó Mairneáin’
 207–210: ‘Cailín ag dearbhú ar shagart – Dónall Ó Conaill’
 211–212: ‘An drochshaol’
 213–215: ‘Fear meallta na bhfrancach’
 216–217: ‘Flúirse francach’
 218–221: ‘Eachtraithe ar Phiaras’
 222–223: ‘Ciacu is géire dúchas nó múineadh’
 224–227: ‘Dónall Ó Conaill, bean tig an ósta’
 228–233: ‘Dá mbeifeá agamsa chois Abha Caoile’
 234–235: ‘Tánn tú id shuí ar fhód do bháis’
 236–237: ‘*The puzzle of the thirty counters*’
 238–239: ‘Fear i bpríosún gan deoch’
 240–243: ‘Eachtra ar an dTreantach’
 244–245: ‘Croch na Ceapaí’
 245–246: ‘Mo chreach fhada dhóite dhubh’
 247–251: ‘Ní hé lá na gaoithe lá na scolb’
 251–252: ‘Tá cúigear mac agam is cuirfidh mé duine acu id bhun’
 253–254: ‘Má tá Ceallachán namhdach, níl asachán ramhar leis’
 255–256: ‘Níl aon pholl im stoca-sa’
 257–258: ‘Cailín neamheaglach ag gabháil trí roilig’
 259–263: ‘Tionontaí a lamhach tiarna talún: Dónall Ó Conaill’
 264–272: ‘Fios, Leigheas agus Dradualach’
 273–276: ‘Feirmeoir ná fanadh an buachaill aige’
 277–278: ‘Thugas bó liom ó Bheárna na Gaoithe’
 279–280: ‘Do dh’ólfainn an mhuir’
 281: ‘Do bhís ólthach imearthach, arsa an bás’
 282–283: ‘Francach i gcloigeann an duine mhairbh’
 284–286: ‘*Hot bun for mother*’

326: ‘Comhairle a thabhairt do mhnaoi bhoirb’
 415–419: ‘An t-iarla rua’
 420–426: ‘An gobán saoir’
 427–428: ‘Níl iofrann comh holc agus tá teist agaibh air’
 429–432: ‘Dhá chat ag caint lé chéile’
 433–435: ‘Na *pills* a dh’ith na dochtúirí’
 436–438: ‘An bhean bheo sa chomhra’
 439–440: ‘Ar Dhroichead Uí Chearna’
 441–442: ‘Seán Buí’
 482–483: ‘Leigheas ag céile shagairt’
 484–486: ‘Ná tabhair iontaoibh lé pílear’
 487–489: ‘Seanchas ar an earc luacha’
 490–500: ‘Gile gréine’
 501: ‘Johnny Goslin’
 502–503: ‘Mise Eoghan Rua ón Móin Rua’
 504–505: ‘Bean i *dtrance*’
 506–509: ‘Meáig is an muga óir’
 509–512: ‘Daoine ón saol eile i dtig tábhairne’
 512–514: ‘Bean a sciobadh i mBaile na Saor’
 515–516: ‘An púca ag ithe bundlach an tí’
 517–518: ‘Margadh Monday’
 519–520: ‘An mhurúch’
 521–522: ‘Ní ar a bheith bocht is measa dhúinn é’
 523–524: ‘Sliocht mór mac ort gan éinne acu as chionn do bháis’
 525–526: ‘Cailín déirciúil ag goid an bhídh’
 527–528: ‘Seana-ghlais bhriste agus brioscghlais bhreuite’
 575–576: ‘An mac a chuir an t-athair amach’

CBÉ 968 [Seosamh Ó Dálaigh]

1–3: ‘Comhairle garsúna’
 3–5: ‘Cill Rois’
 6–7: ‘Ar an bhféith sin is féarr é’
 8–10: ‘Priosún Chluain Meala’
 11–12: ‘An ceathrar ban a bád i bparóiste Fionn Trá’
 13–15: ‘Guistí agus an scláta iarainn’
 16–17: ‘Prataí spallaigh’
 17–18: ‘Gad mara’
 19–22: ‘Spailpíní i dTiobrad Ára’
 23–26: ‘Séamus Ó Finn’
 27–28: ‘An fear siúil agus an choróin Mhuire’
 28–30: ‘An pósadh déanach i Sáipéilín Ghallaraí’
 31–32: ‘An sagart ag fáil bháis san oíche’
 33–37: ‘An tarbh fiain’
 38–41: ‘A mhná na gcarad, mo shamhail nú an trua libh’
 42–44: ‘Do gheall an chrínne ní maith domhsa’
 45–46: ‘Bó ghoidithe’
 61–62: ‘Gol, an duine uasal’
 62–63: ‘An tAthair Muiris Ó Cuill’
 64–65: ‘Seanchas’

66–68: ‘Cuiríú’
 68–69: ‘Muiris Réadóra’
 70–73: ‘Seán na Bánóige’
 74–75: ‘Dheinis i gan fhios do bheo is do mhairbh í’
 76–77: ‘Seanchas’
 78–79: ‘Deilbh an Luain’
 80–82: ‘An bhfuil aon tseans ag aingil an uabhair ar dhul sa flathais’
 83–86: ‘Míoneachtraithe’
 86–89: ‘Bruíonta’
 90–92: ‘Cosán trí thig m’athar críonna’
 92–94: ‘Dia leat agus Muire arsa an leasmháthair’
 95–97: ‘Aréir agus mé go déanach ar neoin’
 97–98: ‘An dá chailín codlatach’
 99–99: ‘Ar thaoibh an chnoic go moch agus mé ag aoireacht na bó’
 100–105: ‘Mada rua Formaoileach’
 122–126: ‘Filí ag tarlúint lé chéile’
 127–129: ‘Lánú a bhí sé fichid blian’
 130–132: ‘Bhí triúr ar mhuin triúir’
 133–134: ‘An file agus an ramhann’
 135–136: ‘Comhairle na mná mar gheall ar stail ráis’
 137–139: ‘Fear ag taibhreamh gur ghearraigh corrán é’
 140–141: ‘Oíche fhuar Bhealtaine’
 142–144: ‘Age dúthaí na gréine is ea a casadh mé’
 145–147: ‘Maidean mhoch sa tsamhradh’
 148–149: ‘Pátrúin an Chaisleáin’
 150: ‘Carraig na bPiléar’
 151–152: ‘Troscadh na seana-bhan sa chúinne’
 153–154: ‘Píp lán san adharta ar maidin’
 155–156: ‘Footcroft agus an coileach’
 157–158: ‘Cailín Caitliocaí i dtig Sasanaigh’
 159–160: ‘Tá sé aimsir shuain do bheoibh’
 161–162: ‘Triúr ag iasgach dheargán fadó’
 163–165: ‘*Alright Landlady*’
 166–169: ‘An broicealach’
 170–171: ‘Cluas ghabhair mar leigheas’
 172–174: ‘Bean chrúite na bó agus an buaile’
 175–180: ‘M’athair agus an creideamh’
 181–182: ‘Péaca prátaí á chuir sa drochshaol’
 183–187: ‘Is mór an deifir a bhíonn idir sagairt’
 188–189: ‘An coileáinín madra i mbóthar na Cille’
 190–193: ‘Bachal Óg’
 194–195: ‘An fear a dheineadh é féin a thórramh’
 195–197: ‘Fear a théadh ón Leitriúch go Waterford lé asal’
 198–200: ‘Age bun na cruaike a cuireadh chuinn féir mé’
 201–203: ‘Daoine beo is measa ná an diabhal’
 204–205: ‘Ó Adam’
 206–208: ‘Bean chor’
 208–210: ‘Smachtú na mná’
 211–212: ‘Máthair chéile agus bean mhac ar an gCill’

212–216: ‘Uaigneas i gCill Fhiontain’
 217–218: ‘Bhí triúr agus cúigear ann’
 219–220: ‘Eoghan Rua agus Diarmuid na Bolgaí’
 221–223: ‘M’athair agus bunóirseach ag amhrán’
 224–227: ‘Tráthnóna déanach cois taobh leasa bhíos’
 228–229: ‘Mo bhuaireamh an t-uaigneas go léir as ár gcionn’
 230–232: ‘Mo shlán chuinn bliain a dtacaid seo’
 233–234: ‘Ní bhfuair eas gaoth riamh’
 272–275: ‘Sliabh na mBan’
 276–277: ‘Carraig Aonair’
 278–279: ‘Driofúr ag caoineadh a driothár’
 280–281: ‘An fear gan scoláireacht a thóg an leabhar agus a léig é’
 282: ‘Seanoíche Bhealtaine i Luimneach’
 283–284: ‘Beir chughat a ghabhair bháin’
 285–286: ‘Gadhar a bhí ag an gCrimhthanach féin’
 287–290: ‘Fear gur goideadh a chapall bhuidh’
 291–292: ‘An cúilín fáineach’
 293–294: ‘An bheirt bhan chéile a bhí marbh ag cabhrú le fear’
 295–297: ‘An buachaill a chaill a scian sa lios’
 297–298: ‘Caid á bhualadh istoíche ar an gCill’
 299–300: ‘Camán mór i bportach i mBaile Uí Shé’
 301–303: ‘An rabhais ar an gCarraig?’
 343–348: ‘Mac feirmeora agus iníon tiarna’
 349–350: ‘Toirmeasc idir dhá líon tí’
 351–352: ‘Fear a cheannaigh a chapall féin thar’n ais’
 353–354: ‘Cleas chun droch-chapall a dhíol’
 355–357: ‘Fuadach’
 358–362: ‘Do thugas grá cléibh duit a óigbhean ar dtúis’
 363–364: ‘Leigheas ar fhaithní’
 365–366: ‘Fear a thriomaigh a lámha i naprún cailín’
 367–368: ‘Saibhreas sé horla fén gcré’
 369–371: ‘Fear ag caoineadh tairbh’
 372–374: ‘Bainne an ghabhair bháin’
 375–378: ‘Seán Ó Duibhir an Ghleanna’
 379–382: ‘An sparán a dh’fhág an slánaitheoir ina dhiaidh’
 383–386: ‘Fear go raibh dúil i dtobac aige’
 387–388: ‘An t-aiteann Muire’
 389–390: ‘Samson’
 391–392: ‘Fear Chathair Scoilbín agus an slua’
 393–394: ‘Leigheas feorsaí’
 432–439: ‘Is fada mé ar buaireamh’
 440–441: ‘Lánú a pósadh dhá uair’
 442–445: ‘M’athair ag seasamh chuinn baistí’
 446–447: ‘Triúr a ghoid tórramh linbh’
 448–449: ‘Ciacu sneá nú míola nú salachar a bhí id bhríste?’
 450–451: ‘Tá mo chuid snaoise salach agat’
 452–453: ‘Cumfadsa éitheach agus dathaigh-se é’
 454–459: ‘Árthaí a reiceáladh’
 485–486: ‘An néanartach agus an goile tanaí’

487–489: ‘Comhacht ag leac óir’
 490–491: ‘Bó a bhíodh á chrá i lios’
 492–494: ‘Searrach na dTrí gCos’
 495–499: ‘Buachaill bocht a cheannaigh cat’
 500–501: ‘An bheirt a bhí ag bailiú i gcomhair an tséipéil’
 502–504: ‘Driotháireacha na céile’
 505–506: ‘Buachaill ag siúl ina chodladh’
 507–508: ‘Cailín ag dearbhú ar bhuachaill’
 509–510: ‘Na daoine a chionn púcaí’
 528–529: ‘An daradaol agus an slánlus’
 530–536: ‘Seanchas ar bheacha’
 537: ‘An Jaoman agus an tig óir’
 538–542: ‘*Biblereaders*’
 543–544: ‘Father Brasby’
 545–547: ‘Seán Hill’
 548–550: ‘Fear símplí sa Daingean’
 551–552: ‘Beir é féin leat’

CBÉ 977 [Seosamh Ó Dálaigh]

212–214: ‘Dochtúir Francach a tháinig ’on Daingean’
 215–216: ‘Triúr dochtúirí gan obair’
 217–218: ‘An méid a mharóidh sé, fágfaidh sé ina dhiaidh iad’
 219–221: ‘Poll an mhadra uisce’
 222–225: ‘Seanchas’
 232–233: ‘Seán Ó Sé agus an tor fraoigh’
 234–235: ‘Baker agus an lios’
 236–240: ‘An grafadh’
 241–243: ‘Greim a thabhairt do láir a bheadh ag iompar searraigh’
 243–224: ‘Drochshonuachar’
 245–246: ‘Athair an Chriomhthanaigh agus Tobar na Saileach’
 247–248: ‘Siúd í féin an spéirbhean’
 256–257: ‘Fuíollach an bhídh ar chnoc’
 258–259: ‘Lán loinge a bhá mar gheall ar éinne amháin’
 260–261: ‘Cleas chun luch a mharú’
 262–263: ‘Trí shlua’
 264: ‘Lore of Cows: leathanaigh 31–32, Handbook of 9.7’
 328–329: ‘Siúd í féin an spéirbhean’
 330–332: ‘Córacha iompair’
 332–333: ‘Mac Sasanaigh ina shagart’
 334–338: ‘Coimeád an bóthar díreach’
 339–340: ‘Targaireacht’
 341–343: ‘Breith chrochta ar duine i nGallaras’
 344–345: ‘Éireannach i Meoraice’
 346–347: ‘Coiréal Uíbh Ráthaigh’
 348–350: ‘Céalacan fada ag fear sprionlaithe’
 351–352: ‘Capaill iallaite’
 388–389: ‘Leigheas ar thinneas fiacaile’
 390–392: ‘Labhar Ó Loinsigh’
 393–394: ‘Ceol ná raibh ag an gceoltóir’

395–396: ‘Cnósach mar bhia’
 397–398: ‘Fear a bhí a d’iarraidh éirí as arm Shasana’
 399: ‘Taisteal Trá Lí’ | ‘An *jinn*et agus an mhiúil’ | ‘Deilbh an Luain’ | ‘Déardaoín’ | ‘Olann nú im gan salann’ | ‘An corp a bheith tirim san uaigh’ | ‘Dul ar snámh’ | ‘Nách dochtúir thú’
 407–408: ‘An gréasaí agus Dónall Ó Conaill’
 409–410: ‘An gabhar’
 411–412: ‘Crú ó Shasana ag Lord Ventry’
 413–415: ‘Cleas an tuíodóra’ | ‘Umhlú do phictiúir an rí’ | ‘Greim ar earball capaill’
 417–418: ‘Tabhair bearradh rí nú rudaire orm’
 419–422: ‘Scoilb agus scuaba’
 423–427: ‘Oileán Géaran’
 428–429: ‘Buachaill Caitliocaí in aimsir ag Sasanach’
 430–431: ‘An sagart agus an ministir agus a leathbhearrtha’
 432–434: ‘Lord Ventry agus luach an phráta’
 435–439: ‘Margadh cleamhnais’ | ‘Cleamhnas eile’ | ‘Pionós i bpríosún’ | ‘Breithiúnachas aithrí’

CBÉ 979 [Seosamh Ó Dalaigh]

24–26: ‘Fear an tinneas croí’
 27–29: ‘An fear ón Leitriúch go raibh an béal tinn aige’
 29–31: ‘Na daoine maithe’
 37–41: ‘*Fairies*’
 49–50: ‘A bhean úd thíos ar lic an níocháin’
 51–56: ‘Daoine sa púcaí’
 62–63: ‘Bean ón saol eile i gcairt’
 64–66: ‘Fear a cuireadh fé leac an tinteáin féin’ | ‘Cén ainm athá ar an roilig anso thíos?’
 67–68: ‘Na *Fairies*’
 69–70: ‘Cú i Mám Bhaile na nÁtha’
 71–72: ‘Bean á dh’fheiscint sa Chonair’
 73–79: ‘Nách ait an rud duine a bhíonn ansan ina aonar in áit go bhfeictear beirt ann’
 148–149: ‘Tagann trí thonn mhóra i ndia’ a chéile’
 150–152: ‘Bás máthar an Chriomhthanaigh’
 153–154: ‘Fear ag lorg spáis chun cíosa’
 155–156: ‘Tig uaigheach’
 157–160: ‘An sagart agus ceol na bhflaitheas’
 161–162: ‘Socrú an tinteáin istoíche’
 174–177: ‘Dónall Ó Ciobháin agus an t-uaigheas a cuireadh air’
 177–178: ‘Bhí na *Danes* anso fadó’
 179–180: ‘Buatais óir i gCaisleán Ghriaire’
 181–183: ‘Buachaill ón Sráidbhaile’
 184–187: ‘Seanchas ar ghaoth mhór’
 188–191: ‘Pílear Connor’
 193–198: ‘An marbh go raibh chúig phuint fiacha air’
 199–201: ‘An bhfeacaís riamh aon bhloc adhmaid á chur ’on tine oíche Nollag?’
 202–203: ‘Muintir Shé an Gharráin’
 209–210: ‘Beaglaioich Chor Áillí agus an mada rua’
 264–266: ‘Tig cúirte ó Londain i gCuan Fionntrá’
 269–271: ‘A Mháire is a mhúirnín’

CBÉ 980 [Seosamh Ó Dálaigh]

957–959: ‘Scríbhneoireacht a bhí ar spric’

960–962: ‘An fear a chaith an oíche sa tsáipéal’

963–968: ‘*Historical tradition*’

CBÉ 981 [Seosamh Ó Dálaigh]

359–361: ‘Neart na ndaoine fadó’

362–365: ‘Madra a mharaíodh bradáin’ | ‘Athrú sloinne’

366–368: ‘Leigheas ar achrann idir lánúin’

369–372: ‘Seanchas’

381–382: ‘Le linn chéasadh an tslánaitheora’

383–399: ‘Seanchas éagsúil’

537–544: ‘Seanchas ar Sheana-Sheán Criomhthain, seanchaí’

545–550: ‘Daoine ag dul as baile ag tuilleamh’

CBÉ 982 [Seosamh Ó Dálaigh]

11–13: ‘Seanchas sloinnnte – muintir Shúilleabháin, muintir Uallacháin, na Criomhthanaigh, muintir Shé’

14–15: ‘Fear gan léann a léigh leabhar’

16–17: ‘Fear géar-radhairce’

21: ‘An luchargán’

22–25: ‘Bhí pósadh i nGeaililí’

26–28: ‘Seanchas’

29–30: ‘Uaigneas Lá Domhnaigh’

33: ‘Ciacu ab fhearr?’

241–242: ‘An bhó agus an madra alltha’

264–265: ‘Beadsa féin báite is umbocón’

266–269: ‘Seanchas ar spailpíní agus ar bhuachaill aimsire’

270–271: ‘An mar gheall ar an bpraiseach é a Shíle?’

272–273: ‘Rún díoltais ag eas’

274–275: ‘An chéad unsa té’

276–77: ‘An tAthair Seán Ó Laoire’

278–282: ‘Chapter VII: Handbook of Irish Folklore’

295–296: ‘Fear ag siúl ina chodladh’

297–298: ‘Máthair linbh agus francach’

344–351: ‘Chapter VII: Irish Medicine’

352–353: ‘Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmaid’

354: ‘Eachtra ar Thomás na bPúcaí’

CBÉ 1035 [Seosamh Ó Dálaigh]

2–4: ‘An bhean dhubh ón sliabh’

5–7: ‘Cluichí’

8–9: ‘An bhean nár bheir baochas le Dia’

10–11: ‘Tábhacht na buaraí’

12–13: ‘An Giúdach’

14–15: ‘God blessed me and my wife’

97–98: ‘Píp na Feothanaí’

99–101: ‘Píp an Choimín’

104–105: ‘Píp an bhaile seo, píp na Cille’

106–107: ‘Píp dhubh ón saol eile’
 126–130: ‘Seanchas’ | ‘Dochtúir Crump’ | ‘Bean i mbreoiteacht linbh agus an dochtúir’ |
 ‘Leigheas in im gan salann’ | ‘An sagart aosta a fuair paróiste’ | ‘Tobac tréis bídh’
 157–158: ‘Goile Bhrian an Fhearainn’
 159–160: ‘Sneachta um Nollaig fadó’
 161–164: ‘Cóiriú an tí i gcomhair na hoíche’
 165–172: ‘Seanchas’ | ‘Meabhair an domhain’ | ‘An tobar beannaithe’ | ‘Seanchas ar phósadh’
 | ‘Snámhaí maith’
 173–174: ‘Amadainín a bhí age duine uasal’
 175–179: ‘Amadainín a lorg amadán níos mó ná é féin’ | ‘An bheach chapail’ | ‘Na seacht
 codlatánaigh’ | ‘Slimidí’ | ‘Réilthíní’ | ‘Raelig na binne báine’
 209–210: ‘Muiris Bán’
 211–212: ‘Tá cailín deas dá lua liom’
 213–214: ‘Ar éirí amach ar an mbán dom’
 215–219: ‘An maidrín rua’
 220–221: ‘Trí theachtair an bháis’
 222–226: ‘Seanchas’ | ‘Athair Lear Keye sa Daingean’ | ‘Bróga Peirce’ | ‘Muiris na Ladhaire’
 | ‘Beirt nár chuaigh ar thórramh’ | ‘Tabharfaidh sé leath an Choma dhóibh’
 262–263: ‘Maighréad de Róiste’
 264–266: ‘Airgead ubh agus airgead sagairt’
 267–269: ‘Capall burdach Pharóiste an Fheirtéaraigh’
 303–313: ‘Caoineadh Father Eoghain’
 315–319: ‘Election fadó’
 320–322: ‘Aimsir an Léig’
 325–327: ‘Peaidí Liam, file’
 328–329: ‘Ceathrú a dhein athair Sheáin Chriomhthain’
 330–332: ‘I measc cránta gan mhúineadh’
 333–335: ‘Creideamh’ | ‘Muiris Ó Briain a bhí iompaithe’
 336–337: ‘Dónall Suibhne agus an té’
 338–339: ‘Mac file ag foghlaim táilliúireacht’
 340–344: ‘Bríde Bhabhda’
 347–351: ‘Seanchas éagsúil’ | ‘Wilson’ | ‘Ailéaraithe Nailers’ | ‘Éagóir ar chailín aimsir’ | ‘An
parrot’ | ‘An longa agus an buidéal branda’
 352–353: ‘Och óchón is Dia liom, is bean do bhain mo chiall díom’
 354–355: ‘Rabhcáin’ | ‘Comórtaisí leanbh’
 356–357: ‘Parson Day agus an bia’
 358–359: ‘Tá tuile mhór sa Leamhain’
 425–429: ‘Daoine a thug téarma príosúin’
 430–431: ‘Clais Mhacha na nDamh’
 432–435: ‘Báillí ón áit seo ag tógaint stoic’
 436–438: ‘Cóchalaín rince’
 439–440: ‘a Éamonn, a Bhreathnaigh’
 441–442: ‘Seirbhíseach maith cailín’
 443–445: ‘Éamonn Mhágáine’
 446–449: ‘Rún i dTiobraid Árann agus i Luimneach’
 450–451: ‘Fear do mhuintir Laoithe i Miacha an Mhíl’
 452–453: ‘A Chaoimhthigh mhallaithe’
 466–467: ‘Bád Dhiarmuid Uí Shé’
 468–470: ‘Oíche dhorcha ar bhóthar an Daingin ag an gCrimhthanach’

471–473: ‘Lánú gan chlann chuig an tsaoil’
474–476: ‘Fiach dubh Chontae an Chláir’
477–478: ‘Gamhna breaca mar thuarastal’
479–480: ‘Seanchas’ | ‘Comhairí ón saol eile i mBaile Dháith’

CBÉ 1070 [Seosamh Ó Dálaigh]

5: ‘Conas mar a theip na prátaí’
153–184: ‘An drochshaol’ | ‘Oibreacha’ | ‘Leite’ | ‘Aguisín leis an méid atá bailithe cheana’

CBÉ 1077 [Seosamh Ó Dálaigh]

4: ‘*Questionnaire: Building Materials*’

CBÉ 1084 [Seán Ó Dubhda]

399: ‘Oíche Nollag’

CBÉ 1093 [Seosamh Ó Dálaigh]

37–42: ‘*Questionnaire: The Danes*’

CBÉ 1115 [Seán Ó Dubhda]

39: ‘Mná sí i gClochán an Tairis’
40: ‘Fear bocht ag dul chun cónaí i gClochán an Tairis’
41–43: ‘Gléib na Cille’
44: ‘Ainmhithe ag bradaíocht ar an ngléib’
46–47: ‘Na póirt’
47–49: ‘Airgead i gclaíocha an phóirt dréir seanchais’
50: ‘Fothrach Bhreandáin agus an teampall’
51: ‘Searrach na dtrí gcos’
52: ‘Peaidí Liam’ | ‘Fuaim lá Domhnaigh aimsir Aifrinne’ | ‘An bhleais ar na prátaí’ | ‘Aingle an uabhair’.
54–55: ‘An bhleais agus aingil an uabhair’
56–57: ‘Fear bocht ag baint craoibhe’ | ‘Aingil sa flathais’ | ‘Ceist le cur ar shagart’
58: ‘Flúirse prátaí’
59–60: ‘Peaidí Liam ag díol mhada ruaidh’
60–61: ‘An *bitch* mhada ruaidh á díol’
62: ‘An mada rua idir an dá uan’
62–63: ‘Bóisean’
64: ‘Peaidí Liam ag lorg an mhada ruaidh chun sásaimh a bhaint do’
64: ‘An mada rua a luigh ar uaigh Pheaidí Liam’
65: ‘Na trí charraig chloiche’
65: ‘Cloch Mhóinéir an tobair bheannaithe’
66: ‘Dubh amach agus ní fheaca éinne ó shoin é’
66: ‘Sí gaoithe nó comhacht mhillthe’
67–68: ‘Clás Fox agus na heasanna’
69: ‘Na heasanna a d’íth an gadhar ar an gcnoc so thuas’
70: ‘Fear an chapail a seoladh agus na heasanna’
71: ‘An buachaill a bhí ar an mbaile seo agus an eas’
72: ‘Naoi bhfichid francach i stáca’
73–74: ‘Fear go raibh ara na bhfrancach aige’
75–76: ‘Dia leat is Muire, a leanbh gan mháthair’

77: ‘Garraíocha na faiche á chur’
 78–79: ‘Buachaill an mhinistir agus an fhuip’
 80: ‘Is é gearán Dhiarmuid Uí Ghingil le Diarmuid Ó Dubhda é’
 81–82: ‘Séamus Ó Finn ag dul go tig coirp’
 83: ‘Paidreacha i dtig coirp eile’
 84–86: ‘Tórramh ar an gClochán Dubh’
 87–88: ‘Tórramh ar an gCill’
 89–92: ‘Tórramh is Cathair Deargáin’
 93: ‘An mhuc’
 94: ‘Muintir Mhic Mhathghamhna’
 95–96: ‘Corcán feola beirithe do Mhichil Móna’
 97–99: ‘Leigheas ar phéist’
 100–103: ‘Pónaí na Cille’ | ‘Na Cathaoirigh’
 103–104: ‘An beithíoch durtha’
 105–107: ‘An bhó a díoladh ar cháirde tógtha i ngeall le cíos’
 108: ‘Bean an stoca a lorg asal sa pháirc le cur ’on phóna’
 109: ‘Rann ar ól’
 110: ‘An táilliúir agus na *white eyes*’
 110: ‘Táilliúir a dh’ith mórán prátaí’
 111–113: ‘Táilliúir eile a dh’ith an iomad *white eyes*’
 114–115: ‘An choigeann a deineadh i gan fhios do bheo is do mharbh’
 116: ‘Éinní an aeir go scéithfidh ar na bithiúnaigh’
 117: ‘Goid ó ghadaí’
 118: ‘An bhó a goideadh agus an t-earball bainne dhi’
 119: ‘An gandal Spáinneach’
 120: ‘Na cúig cinn do chránta’
 121: ‘Fear brónach tréis paiste talún a bhaint do’
 122: ‘Saol gan citeal, pota an té, ná grideall’
 123: ‘An chéad chiteal agus pota an té ar an gCill’
 124: ‘An fear siúil agus an choróin i dtig Uí Shúilleabháin’
 125: ‘Úrscéal nua, corcán adhairce’
 126: ‘Tom Hilliard ag dul go Trá Lí ar leathphingine’
 127–128: ‘Tom Hillard ina ghiolla turais’
 129: ‘Pingíní agus pípeanna cré lom’
 130–135: ‘Micí na gCloch’
 136: ‘Micí na gCloch agus a dhriotháir Seán na gCloch’
 136: ‘Micí agus Seán aríst’
 137: ‘Tincéirí i dtig Mhicí na gCloch’
 138: ‘Micí na gCloch, an béile, agus an phiast’
 139: ‘Micí i Meiriceá’
 140–142: ‘Fear óil agus an geall a chuir sé’
 143: ‘Do thacht bean práta - scéal tuaiplis’
 144–148: ‘Seán Criomhthain agus an sagart i bpósadh na Cille Duibhe’
 149–152: ‘Lucht suainseáin’
 153: ‘An bhreioiteacht ag tosnú’
 154: ‘Dochtúirí ag teacht chuige’
 155–156: ‘An triuch ar bhean leighis’
 157–158: ‘An fear ab fhirinní ins na cúig pharóiste’
 158–165: ‘Seanchas ar chúrsaí cíosa’

165–168: ‘An braimichín’
 168: ‘Ag díol an tseana-chapa’
 169: ‘Lucht suainseáin’
 170–171: ‘Ministir ag faoistin ag sagart’
 172–173: ‘An sagart fir éigin agus an Criomhthanach i dtaobh a bheith a caint le lucht an tsúip’
 174: ‘Criomhthain is Máistir Houlihan i dtaobh caint le lucht súip’
 175: ‘Áireamh ná fuil ach an dá áit ann’
 176–177: ‘Amhrán do chumadh ar Pharnell’
 177–178: ‘Rabhcán ar Pharnell’
 179–181: ‘Nóra Hibeaird, bean feasa. An mhaighdean bhuaile’
 182–187: ‘Con Choughlain agus a mháthair’
 188: ‘Count Ó Néill’
 189–191: ‘Ag obair ag déanamh bóithre fén m*Board of Works*’
 192–193: ‘Fear gan bia a casadh le hobair’
 193–195: ‘Ag obair is a mháthair caillte’
 195: ‘Na creachanna’
 195: ‘An dá mhac Uilliam’
 196–201: ‘Hocht pearsana déag coicís ar lóistín’
 202: ‘Driofúr Dhónaill ag siúl roimpi’
 203: ‘Tuathalaíocht agus neamh-mbéasa’
 204: ‘Uaisle na Coille’
 205–206: ‘Seana-bhean ná tabharfadh spré tine uaithe’
 207–209: ‘Tomáisín an Gharráin, veidhleadóir, bliain gan choinne’
 210: ‘An bhean a bhí ag ligint uirthi go raibh a cuid ime á ghoid uaithi’
 211: ‘An raibh na fianna ann?’
 212–213: ‘Fear is bean ag ól fuiscí ar gheall’
 214: ‘Cad a dúirt sagart’
 214: ‘Sagart eile’

CBÉ 1116 [Seán Ó Dubhda]

309: ‘Amhrán an Spealadóira’
 311: ‘Véarsa d’amhrán a deineadh do lucht an tsúip’
 311: ‘Rabhcán eile’
 312: ‘Scéal seandúine an ghabhair bháin’
 313–314: ‘An gabhar bán’

CBÉ 1150 [Seosamh Ó Dálaigh]

553 – 557: ‘Cuntas ar shlata agus ar thuigí ó Sheán Criomhthain’
 573 – 570: ‘An fhuiseog’ | ‘An sprideog’ | ‘An dreoilín’ | ‘Dhá chorróig Cill Maolchéadair’ | ‘An *magpie* agus an chorróg’ | ‘An lon dubh’ | ‘Na préacháin sa phóna’
 580 – 581: ‘An saor agus an fear siúil’

CBÉ 1151 [Seosamh Ó Dálaigh]

78 – 87: ‘Individuals credited with supernatural powers’ | ‘Cluas gabhair mar leigheas’ | ‘Leigheas i siolán’ | ‘Céile shagairt’ | ‘An craosgalar’
 218–221: ‘Prátaí spallaigh’
 222–223: ‘An Peata Rua a bhí i nDún Chaoin’
 224–229: ‘Pílear ón Leitriúch i Sasana’ | ‘Fir mhaithe fadó’

230–233: ‘An líon’ | ‘cleas seoigh’
262–263: ‘Marbhú duine ar fhear siúil’
266–270: ‘An coileach ag fógairt báis’

CBÉ 1178 [Seosamh Ó Dálaigh]

479–484: ‘Cloisim go ndéanfadh aingil an uabhair níos mó díobhála’ | ‘Lá ‘le Muire’ |
‘Drochshúil’ | ‘An bráthairín’ | ‘Bithiúnach a bhí san Oileán Tiar’ | ‘*Sundial* age máistir scoile’
499–597: ‘*The practice of religion*’

CBÉ 1201 [Seosamh Ó Dálaigh]

97–99: ‘An bord’ | ‘Lá coille agus an aimsir’ | ‘An drochshaol’ | ‘Uisce a níonn corp’
195–210: ‘Carraig Éinín’ | ‘Fothrach Naomh Breandán’ | ‘*The priest’s income*’ | ‘Baile an Chóta’ | ‘Éacht Uisce Coisreac’ | ‘Amhailt i bhfeirm chnoic ar an bhfarráige’

CBÉ 1331 [Seán Ó Dubhda]

248: ‘Peaits Dhónaill’
302–306: ‘Guistí, file, agus a dhriotháir agus an canta iarainn a fuairtheas sa reilig nó ina haice’
307–311: ‘Guistí ag ceannach caorach ar Aonach an Chláir’
421–424: ‘Fear a bhí pras chun tor a thabhairt ar dhuine’
512–514: ‘Raghallaigh an chúil bháin’
552: ‘Seán Criomhthain a rugadh 1875’
561–2: ‘Amhrán na n-iontaisí’

CBÉ 1352 [Seán Ó Dubhda]

326 – 328: ‘I mainistir lá’
343–345: ‘Sinsear na heaglaise’

CBÉ 1373 [Seán Ó Dubhda]

176: ‘Chuaigh beirt Éireannach go Sasana do bhabhta ag lorg oibre’
183: ‘Babhtaí oil ar gheall’

CBÉ 1381 [Seán Ó Dubhda]

236–237: ‘Nár fheicirse an dathadóir’
243–245: ‘Eoghan ag faoistin’
246–247: ‘Bhí Eoghan lá ar *stations*’
248–250: ‘Eoghan Rua agus an chráin rua ag dul go collach rua’
251–257: ‘Eoghan Rua, an bhaintreach, an cíos’
268: ‘Fear’

CBÉ 1477 [Seán Ó Dubhda]

31: ‘*Chorus to a drinking song*’

CBÉ 1490 [Seán Ó Dubhda]

647–648: ‘Caoineadh Chaptáen Ruan’
649–651: ‘Tráthnóinín déanach cois taobh leasa a bhíos’
652–654: ‘Is fada mé ar buaireamh’
655: ‘Rabhcán’
656: ‘Scéilíní ar leabhar Eoin’

657: ‘Leigheas i leabhar Eoin’
 657: ‘Cuirriú nó maíomh’
 658: ‘Cuirriú nó drochshúil, ag marú mada ruaidh’
 659: ‘Ní itheadh na seandaoine ach dhá bhéile insa ló’
 659–660: ‘Buachaill a chaill nó a shéan a chuid Gaelainne’
 661–662: ‘Pósadh agus scor’
 663–664: ‘Caint a dúirt an cuireata’
 665–666: ‘Leasmháithreacha’
 666: ‘Leasmháthair a bhí go maith’
 667: ‘Spailpíní síos amach’
 668: ‘Ag ithe na feola fuaire’
 669: ‘Leasú’
 670–673: ‘Fear a bhí sa chath breac a thabhairt thar’n ais’
 674: ‘An mháthair a bhí díbeartha do thabhairt thar’n ais’
 675: ‘Bean mhic agus máthair a chéile’
 676–677: ‘Fear is éileamh mór ar Bhéarla aige’
 678: ‘Mar a labhair bean an tí leis an sagart’
 679: ‘Cáit bhán is í marbh’
 680–681: ‘Scéalta beaga ar chártaí imeartha’
 682: ‘Nathanna cainte’

CBÉ 1712 [Seán Ó Dubhda]

184: ‘Cailín gan clóca, níl aon ghnó aici im dhiaidh’

CBÉ 1713 [Seán Ó Dubhda]

7: ‘Driotháir do Sheán Mór a bhí breoite’
 101: ‘Ag teacht abhaile ó Thrá Lí *town*’
 102: ‘An gearrán buí’
 103–104: ‘An máistir Seán Sasanach’
 105–107: ‘Aréir is mé go tláth’
 109–110: ‘An corcán adhairce’
 111: ‘Dia dhaoibh - an Dia céanna, an freagra’
 112–113: ‘An Daradaol, an phiast agus an slánlus’
 114–116: ‘An dá Éireannach i Sasana’
 117–119: ‘Éireannach i Sasana’
 120–122: ‘An cailín gur caitheadh an saighead léi’
 137–141: ‘Conas a d’fhág Seoirse Ward an creideamh gallda’
 142–143: ‘Tomás Mhicil Tom, Fear ana-dheisbhéalach’
 145–152: ‘Dhá tháilliúir’
 252: ‘Anbhás Mac Cárthaigh’
 255–263: ‘Sprionlaitheoireacht’
 266: ‘Seo dreoilín a thugamair chughat’
 267–268: ‘An targaireacht’
 269–270: ‘Tionlacan na Nollag’
 271: ‘Sagart a bhí in Uíbh Ráthach’
 272–273: ‘Ellen an Phóna’
 274: ‘Sinsear des na Conchubharaigh’
 275–278: ‘Conchubharaigh an Bhotúin’
 279–280: ‘An bhanaltra a dúirt le Conchubharaigh Charraig an Phoill’

281–285: ‘An gréasaí a thóg an geall i gcoinnibh an óil’
286–287: ‘Bhí Seana–Pheadí Liam Lá Domhnaigh aimsir aifrinn’
288–289: ‘Babtaí óil’
290–291: ‘Babhta eile’
296: ‘An tríú lá bróg’
297–298: ‘Baile na nÁth’

CBÉ 1714 [Seán Ó Dubhda]

169: ‘Mo ghoilí goilí goilí gón, a Neidí ó mo chroí’

CBÉ 1715 [Seán Ó Dubhda]

174: ‘Peats Mór Breoite’
201–204: ‘An t-im a goideadh’
205–205: ‘Seana-chainteanna’
206–207: ‘An bhean a chíodh na daoine maithe’
208–210: ‘An rí agus an t-ordú a thug sé’
211–217: ‘An bhó a sciobadh’
218–223: ‘An bhean chabhartha’
224–226: ‘Buachaill is scian ina chois’
227: ‘An tAthair Dónall Ó Súilleabháin’
228–229: ‘An ceathrar gaibhne’
230–232: ‘Seán bocht sa cheártain’
233–238: ‘An fear gur goideadh a capall uaidh’
239–240: ‘An captaen árthaigh agus na francaigh’
241–242: ‘Na francaigh’
243: ‘An cat a labhair’
244: ‘Muiris Réadóra’
245: ‘Muiris Réadóra agus an gála’
246–249: ‘Goirtín na Crú’
250: ‘An sagart lúthmhar’
251: ‘An sagart a dhein an leigheas’
252: ‘Aistriú na tine nó bac an tinteáin’
253–255: ‘An fear a bhí cailithe curtha ag teacht chun tí aríst’
256: ‘Mac Uí Shúilleabháin agus an bhean ón bhfarraige’
257–259: ‘Iníon Gol agus an cuireadh dinnéir’
270–271: ‘An fear deirce go raibh a chroí san airgead’
272–273: ‘An cailín a chuireadh an t-uisce sa bhainne’
274–275: ‘Fear bocht ná raibh prátaí síl aige’
276–278: ‘Fear gearr-radharcach’
279–280: ‘An cailín gur caitheadh an suíod léithi’
281–287: ‘Bríde Bhabhda, bean an leasa’
288–289: ‘Gan Mhurca gan Mhaonus’
290–291: ‘Fear a ghaibh trí Roilig na Cille – buaileadh poca air’
292–293: ‘Fear a tugadh rud chun an tí i gcónaí’
294–295: ‘Fear breoite, leigheas scolbghiúise’
296–299: ‘Tionósc sa Chonair’

CBÉ 1716 [Seán Ó Dubhda]

116–119: ‘Agallamh idir dhá mhada ruadh’

119–121: ‘Mada rua Formaoileach’
 122–123: ‘Do shiúlaíos Ware Village is as san go Lawrence’
 124–126: ‘Ar maidin Dé Domhnaigh ag dul go South’
 249: ‘Máire bheag na gruaige báine’
 250–253: ‘An binsín luachra’
 254–255: ‘Maighréad de Roiste’
 256–257: ‘Aréir dom gan bhrón’
 258–259: ‘I nDairbhre tá’
 260–261: ‘I nGleann na Séad’
 262–263: ‘Tá mo chosa scollta’
 264–265: ‘Mo chreach is mo chás’
 266: ‘Duanaireacht an photaire’¹
 272–275: ‘Ciach ar an sagart do phós mé’²
 276–277: ‘Baile Locha Riabhaigh’
 285–286: ‘Sagart a thit i ngrá le cailín’
 305: ‘Moladh na Naomh’
 319: ‘Caoineadh ar Mhuiris Mac Gearailt’
 330–334: ‘Thugas grá cléibh duit’³
 335: ‘Beannachtaí’
 336–338: ‘A Sheáin bháin, a laoigh’
 339–340: ‘Cailleach mhór Crón na Gaibhle’
 341–344: ‘An Brianach Óg’
 346–348: ‘Caitlín Triall’
 361–362: ‘Táim le dhá mhí im luí ar mo leaba gan rian’
 368–370: ‘An Cnagaire Gránna’

CBÉ 1717 [Seán Ó Dubhda]

116–120: ‘Agallamh idir dhá mhada rua’
 121: ‘Amhrán an Phápair’
 122: ‘Do shiúblaíos Ware Village’
 124–126: ‘Ar maidin Dé Domhnaigh ag dul go South dom’

CBÉ 1724 [Seán Ó Dubhda]

296: ‘Ainmneacha na Méaranna’: ‘Ardóg, tuarpóg, méar fhada, mac a rada, an bainbín buidhe ná fuair aon seoid’

CBÉ CT0319⁴,

0.13–3.04: ‘Goirtín an Chrú’
 3.11–6.10: ‘An sagart a bhí ag goid na muice’
 6.15–8.52: ‘Dónall Ó Conaill agus an búistéir’
 9.04–22.14: ‘Gile gréine’
 22:30–31.57: ‘Coinníoll pósta idir beirt naíonán’

¹ Deir an Dubhdach linn go mb’fhéidir nach é an Criomhthanach in aon chor a d’aithris, ach Peats Mór Baker.

² nó ‘Raghadsa is Cítí ag válcaireacht’, a deirtear linn mar theideal malartach.

³ nó ‘Eochaill na Long’, a deirtear linn mar theideal malartach.

⁴ taifeadadh fuaimne a dhein Caoimhín Ó Danachair.

CBÉ CT0320¹

0.08–4.55: ‘Bithiúnach i gcló mná á mharú ag madra’

05.05–11.08: ‘An siúinéir a bhíodh ag ól’

11.10–15.12: ‘Gearaltach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí’

15.14–22.00: ‘An rí agus fear na mbréag’

22.04–26.40: ‘An cleamhnas briste’

26.45–30.11: ‘Cúig phunt don tsagart’

CBÉ M0104²

0.00– 4.33: ‘An buachaill Sasanach’

4.45 – 8.20: ‘Meáig Mugaí Óir’

8.29 – 13.01: ‘Droichead Ráth Chaola’

¹ ibid

² ibid

Aguisín 3: Cineálacha scéil agus móitífeana béaloidis a dtagraítear san eagrán seo dóibh

Cineálacha ATU

ATU 23 *Fox (Man) Induces Wolf (Bear) to Impale Himself*

§469 | CBÉ, 965: 555-559

ATU 31 *The Fox (Birds) Pulls the Wolf Out of the Pit*

§36 | CBÉ, 966: 28-30

ATU 62 *Peace Among the Animals*

§469 | CBÉ, 965: 555-559

ATU 63 *The Fox Rids himself of Fleas*

§469 | CBÉ, 965: 555-559

ATU 93 *The Master Taken Seriously*

§14 | CBÉ, 1150: 573-579

ATU 106 *Animal's Conversation*

§136 | CBÉ, 967: 106-107

ATU 200 D *Why Cat is Indoors and Dog Outside in Cold*

§407 | CBÉ, 1035: 222-226

ATU 212 *The Lying Goat*

§260 | CBÉ, 1035: 479-480

ATU 220 A *The Trial of the Crow by the Eagle*

§14 | CBÉ, 1150: 573-579

ATU 221 *The Election of Bird-king*

§. 16. §. 16 | CBÉ, 967: 64-65

ATU 221 A *Test: who can Fly Highest?*

§. 16 | CBÉ, 967: 64-65; §. 37 | CBÉ, 966: 50

ATU 221 B *Test: who can Go Deepest in Earth?*

§. 16 | CBÉ, 967: 64-65; §. 37 | CBÉ, 966: 50

ATU 314 *The Youth Transformed to a Horse*

§487 | CBÉ, 968: 131-132

ATU 335 *Death's Messengers*

§185 | CBÉ, 1035: 333-335

ATU 401 *The Princess Transformed into Deer*

§367 | CBÉ, 936: 400-401

ATU 404 *Girl Transformed by Jealous Stepmother into Cow's Stomach*

§484 | CBÉ, 936: 404-407

ATU 425 *The Search for the Lost Husband*

§337 | CBÉ, 967: 415-419

ATU 461 *Three Hairs from the Devil's Beard*

§479 | CBÉ, 966: 442-447

ATU 471 *A The Monk and the Bird*

§213 | CBÉ, 979: 157-160

ATU 500 *The Monster Reveals the Riddle*

§106 | CBÉ, 1035: 340-344

ATU 677 *Iron Is More Precious than Gold*

§481 | CBÉ, 967: 197-200

ATU 706 *The Maiden Without Hands ... IV. The Hands Restored.*

§471 | CBÉ, 967: 490-500

ATU 736 *Luck and Wealth*

§462 | CBÉ, 966: 306-312

ATU 750 *Hospitality Blessed*

§57 | CBÉ, 966: 57-60; §196 | CBÉ, 966: 149-151; §197 | CBÉ, 968: 379-382; §200 | CBÉ, 967: 524-525; §233 |

CBÉ, 965: 547-550; §240 | CBÉ, 1035: 358-359

ATU 759 *God's Justice Vindicated*

§197 | CBÉ, 968: 379-382

ATU 745 *Hatch-penny*

§462 | CBÉ, 966: 306-312

ATU 773 *The Old Man (God) at St. John's Fire*

§5 | CBÉ, 977: 409-410

ATU 774 K *Peter Stung by Bees*

§201 | CBÉ, 977: 258-259

ATU 779 *Miscellaneous Divine Rewards and Punishment*

§197 | CBÉ, 968: 379-382

ATU 785 *Who Ate the Lamb's Heart*

§198 | CBÉ, 967: 44-45

ATU 852 *The Hero Forces the Princess to Say 'That is a Lie'*

§476 | CBÉ, 966: 425-429

ATU 889 *The Faithful Servant*

§302 | CBÉ, 966: 418-422

ATU 910 *Precepts Bought of Given Prove Correct*

§87 | CBÉ, 966: 152-154

ATU 910 B *The Servant's Good Counsels*

§481 | CBÉ, 967: 197-200

AT 910 E *Father's Counsel: Where the Treasure is*

§87 | CBÉ, 966: 152-154

ATU 920 C *The Choice of a Wife*

§478 | CBÉ, 966: 442-447

ATU 921 *The King and the Peasant's Son*

§35 | CBÉ, 977: 217

ATU 922 *The Shepherd Substituting for the Priest Answers the King's Questions*

§477 | CBÉ, 966: 435-437

ATU 926 *Judgement of Solomon*

§190 | CBÉ, 966: 44-46

ATU 934 A *Youth to Die at Certain Age*

§325 | CBÉ, 967: 234-235

ATU 945 *Luck and Intelligence*

§462 | CBÉ, 966: 306-312

- ATU 960 C *The Miracle of the Cooked Chicken*
 §227 | CBÉ, 968: 266-270; §426 | CBÉ, 1035: 303-313; §387 | CBÉ, 968: 155-156
- ATU 980 *Ungrateful Son Reproved by Naive Actions of his Own Son*
 §74 | CBÉ, 968: 1-3; §338 | CBÉ, 967: 575
- ATU 990 *A Merchant's Son Finds the Princess Wounded in a Coffin.*
 §330 | CBÉ, 967: 504-505
- ATU 1007 *Other Means of Killing or Maiming Live Stock*
 §148 | CBÉ, 936: 435-436
- ATU 1178 *The Devil Outriddled*
 §112 | CBÉ, 967: 1-4; §156 | CBÉ, 966: 573-574
- ATU 1305 *The Miser and his Gold*
 §84 | CBÉ, 968: 537; §85 | CBÉ, 977: 348-350
- ATU 1354 *Death for the Old Couple*
 §153 | CBÉ, 968: 551-552; §464 | CBÉ, 979: 193-198
- ATU 1354 C *Seemingly-Dead Woman Returns to Life*
 §464 | CBÉ, 979: 193-198; §113 | CBÉ, 967: 435-438
- ATU 1360 C *Old Hildebrand*
 §464 | CBÉ, 979: 193-198
- ATU 1430 *The Man and his Wife Build Air Castles*
 §272 | CBÉ, 968: 450-451
- ATU 1455 *The Hard-hearted Fiancée*
 §250 | CBÉ, 967: 247-251
- ATU 1532 A *The Voice from the Grave*
 §278 | CBÉ, 936: 397-399
- ATU 1535 *The Rich and the Poor Peasant*
 §464 | CBÉ, 979: 193-198
- ATU 1536 *Disposing of the Corpse*
 §464 | CBÉ, 979: 193-198
- ATU 1537 *The Corpse Killed Five Times*
 §464 | CBÉ, 979: 193-198

ATU 1585 *The Lawyer's Mad Client.*

§282 | CBÉ, 936: 421-424

ATU 1588 *The Fraudulent Will*

§276 | CBÉ, 967: 126-131

ATU 1651 *Whittington's Cat*

§12 | CBÉ, 968: 495-499

ATU 1698 *Deaf Persons and their Foolish Answers*

§160 | CBÉ, 968: 17-18

ATU 1735 A *Who Gives his own Goods shall Receive it Back Tenfold*

§464 | CBÉ, 979: 193-198

ATU 1792 *The Stingy Parson and the Slaughtered Pig*

§464 | CBÉ, 979: 193-198

ATU 1792 A *The Priest's Pig*

§460 | CBÉ, 966: 296-302

ATU 1804 B *Payment with the Clink of Money*

§360 | CBÉ, 967: 224-226

ATU 1855 *Jokes About Jews*

§339 | CBÉ, 967: 32-33

ATU 1862 A *The Sham Physician*

§50 | CBÉ, 966: 37-38

ATU 1927 *The Cold May Night*

§18 | CBÉ, 967: 140-141

ATU 1948 *Too Much Talk*

§152 | CBÉ, 966: 155-157

ATU 2075 *Tales in Which Animals Talk*

§466 | CBÉ, 967: 429-32; §469 | CBÉ, 965: 555-559

Móitífeanna MI

A 1310 *Arrangement of man's bodily attributes*

§184 | CBÉ, 981: 383-399

A 1370 *Origin of mental and moral characteristics*

§209 | CBÉ, 936: 572-574; §254 | CBÉ, 968: 440-441; §357 | CBÉ, 977: 407-408

A 1500 *Origin of customs—general*

§360 | CBÉ, 967: 224-226; §362 | CBÉ, 968: 219-220

A 1541 *Origin of religious feasts and fasts*

§227 | CBÉ, 968: 266-270

A 1547 *Origin of funeral customs*

§433 | CBÉ, 966: 375-377

A 2221.2.4 *Swallows lift Christ's crown of thorns from his brow: why their nests are not destroyed*

§196 | CBÉ, 966: 149-151

A 2221.5 *Animal blessed for helping holy fugitive*

§196 | CBÉ, 966: 149-151

A 2233.3 *Owl as watchman goes to sleep: does not see by day*

§. 16 | CBÉ, 967: 64-65

A 2231.7.1.1 *Beetle cursed for betraying Holy Family on way to Egypt; beetle now has its eyes always on the ground*

§196 | CBÉ, 966: 149-151

A 2252.1 *Race of animals to see where each shall live*

§407 | CBÉ, 1035: 222-226

A 2287 *Jesus causes animal characteristics*

§196 | CBÉ, 966: 149-151

A 2711 *Plant blessed for pious act*

§20 | CBÉ, 968: 528-510

D 11 *Transformation woman to man*

§487 | CBÉ, 968: 131-132

- D 12 *Transformation: man to woman*
§487 | CBÉ, 968: 131-132
- D 315.5 *Transformation: hare (rabbit) to person*
§33 | CBÉ, 966: 431-432
- D 350 *Transformation: bird to person*
§212 | CBÉ, 977: 334-338; §349 | CBÉ, 966: 504-507
- D 1381.11 *Magic circle protects from devil*
§156 | CBÉ, 966: 573-574
- D 2157.2 *Magic quick growth of crops*
§196 | CBÉ, 966: 149-151
- E 323.1.1 *Dead mother returns to suckle child*
§329 | CBÉ, 966: 510-511
- E 788 *Severed pap regrows when woman bears child*
§471 | CBÉ, 967: 490-500
- F 54.2 *Plant grows to sky (Jack and the Beanstalk)*
§476 | CBÉ, 966: 425-429
- F 668 *Skillful surgeon*
§199 | CBÉ, 981: 381-382
- F 960.2 *Extraordinary nature phenomena at death of holy person (hero)*
§199 | CBÉ, 981: 381-382
- F 971.7 *Sowing and reaping same day*
§196 | CBÉ, 966: 149-151
- F 1041 *Extraordinary physical reactions of persons*
§199 | CBÉ, 981: 381-382
- G 303.16.19.3 *One is freed if he can set a task the devil cannot perform*
§112 | CBÉ, 967: 1-4; §156 | CBÉ, 966: 573-574
- H 342.1 *Suitor test: forcing princess to say, "That is a lie."*
§476 | CBÉ, 966: 425-429
- H 583.1 *King: What do you see? Youth: One and a half men and a horse's head*
§35 | CBÉ, 977: 217

- H 583.6 *King: What are you doing? Youth: I boil those which come and go*
 §35 | CBÉ, 977: 217
- H 1562 *Test of strength*
 §311 | CBÉ, 966: 313-316
- J 21.11 *"Do not walk half a mile with a man without asking his name": counsel proved wise by experience. Man runs race unwittingly with his wife's paramour and loses his wife on the wager*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200
- J 21.17 *"Stay at church till mass is finished": counsel proved wise by experience. Delay saves youth from death*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200
- J 21.2 *"Do not act when angry": counsel proved wise by experience. Man returns home and sees someone sleeping with his wife. Though he thinks it is a paramour, he restrains himself and finds that it is a newborn son.*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200
- J 21.3 *"Do not go where an old man has a young wife": counsel proved wise by experience. Discovers a murder in an inn*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200
- J 21.5 *"Do not leave the highway": counsel proved wise by experience. Robbers encountered*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200
- J 21.7 *"Do not cross a bridge without dismounting from your horse"; counsel proved wise by experience. Man breaks leg*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200
- J 121 *Ungrateful son reproved by naive action of his own son: preparing for old age. Man gives his old father half a carpet to keep him warm. Child keeps the other half and tells his father that he is keeping it for him when he grows old*
 §338 | CBÉ, 967: 575-576; §360 | CBÉ, 967: 224-226
- J 163.4 *Good counsels bought*
 §481 | CBÉ, 967: 197-200

- J 1031 *Grain will be cut when farmer attends to it himself. Lark leaves her young in the cornfield. They hear farmer tell sons to go to neighbors for help in harvesting. Lark tells young not to worry. Same when he sends for relatives. Farmer decides to harvest it himself. Larks move, for they now know that it will be done*
- §14 | CBÉ, 1150: 573-579
- J 1150 *Cleverness connected with the giving of evidence*
- §359 | CBÉ, 967: 259-263
- J 1151 *Testimony of witness cleverly discredited*
- §358 | CBÉ, 967: 207-210
- J 1157 *Bribed witnesses nonplussed when judge asks wrong question*
- §358 | CBÉ, 967: 207-210
- J 1172.2 *Payment with the clink of the money. Man sued for payment for enjoyment of the flavor of meat when roasting*
- §360 | CBÉ, 967: 224-226
- J 1177.0.1 *None should interrupt or leave the room while story is told: treachery revealed*
- §184 | CBÉ, 981: 383-399
- J 1210 *Clever man puts another out of countenance*
- CBÉ, 1178: 479; §357 | CBÉ, 977: 407-408; §360 | CBÉ, 967: 224-226
- J 1421 *Peace among the animals. (Peace fable.) The fox tries to beguile the cock by reporting a new law establishing peace among the animals. Dogs appear; the fox flees. "The dogs have not heard of the new law."*
- §469 | CBÉ, 965: 555-559
- J 1500 *Clever practical retort*
- §360 | CBÉ, 967: 224-226
- J 2171.2.1 *Does not need roof when it is fair; cannot put it on when it rains*
- §315 | CBÉ, 1151: 224
- K 170 *Deception through pseudo-simple bargain*
- §360 | CBÉ, 967: 224-226

- K 218.1 *Devil cheated by having priest draw a sacred circle about the intended victim*
§156 | CBÉ, 966: 573-574
- K 426 *Apparently dead woman revives when thief tries to steal from her grave*
§330 | CBÉ, 967: 504-505
- K 921 *Fox rids himself of fleas. He lets himself sink in water somewhat with a bundle of hay. The fleas gather on the hay-bundle and he dives into the water*
§40 | CBÉ, 965: 543-544
- K 2150 *Innocent made to appear guilty*
§359 | CBÉ, 967: 259-263
- K 2151 *The corpse handed around. (The thrice-killed corpse.) Dupes are accused of murder when the corpse is left with them. The trickster is paid to keep silent*
§464 | CBÉ, 979: 193-198
- K 2321 *Corpse set up to frighten people*
§464 | CBÉ, 979: 193-198
- M 211 *Man sells soul to devil*
§156 | CBÉ, 966: 573-574
- N 421 *Lucky bargain*
§462 | CBÉ, 966: 306-312
- N 530 *Discovery of treasure*
§480 | CBÉ, 966: 289-292
- N 550 *Unearthing hidden treasure*
§480 | CBÉ, 966: 289-292
- Q 46.1 *Reward for protecting holy fugitive*
§196 | CBÉ, 966: 149-151
- Q 589 *Punishment fitted to crime—miscellaneous*
§360 | CBÉ, 967: 224-226
- S211 *Child sold (promised) to devil (ogre)*
§156 | CBÉ, 966: 573-574
- V 60 *Funeral rites*
§433 | CBÉ, 966: 375-377

V 211.2.3 *The Crucifixion*

§199 | CBÉ, 981: 381-382

W 111.2.6 *The boy eats breakfast, dinner, and supper one immediately after the other;
then lies down to sleep*

§309 | CBÉ, 967: 273-276

W 153 *Miserliness*

§84 | CBÉ, 968: 537

W 167.1 *Two stubborn goats meet each other on a bridge. Neither will step aside; both
fall into water*

§421 | CBÉ, 982: 369-372

X 610 *Jokes concerning Jews*

§339 | CBÉ, 967: 32-33

X 1547.2 *Lie: river of honey*

§476 | CBÉ, 966: 425-429

X 1726.2 *Man cuts off own head*

§476 | CBÉ, 966: 425-429

Aguisín 4: MIREC-4 Rev 2 Application No. A16-013

 COLÁISTE MHIURE GAN SMÁL GLASSBORO LIBRARY MARY IMMACULATE COLLEGE UNIVERSITY OF LIMERICK	Mary Immaculate College Research Ethics Committee OBMIREC-4: MIREC Chair Decision Form

1	Title of Research Project
	Seanchas Sheáin Mhic Cíomhthain

2	Applicant
Name	Seaghan Mac an tSionnaigh
Department / Centre/ Other	Gaeilge
Position	Dámh na nDán

3	Decision of MIREC Chair
	Ethical clearance through MIREC is required
	Ethical clearance through MIREC is not required and therefore the researcher need take no further action in this regard
✓	Ethical clearance is required and granted. Referral to MIREC is not necessary
	Ethical clearance is required but the full MIREC process is not. Ethical clearance is therefore granted if required for external funding applications and the researcher need take no further action in this regard.
	Insufficient information provided by applicant / Amendments required

4	Reason(s) for Decision
	Rinne mé athbhreithniú ar an iarratas seo agus táim sásta go gcomhlíonann sé riachtanais MIREC. Le bheith fíor-chruinn, mholfaínn go ndéanfaidh Seaghan na athruithe seo leanas agus iad a sheoladh ar ais chuig Oifig MIREC - 1. 6c – "...scríosfar na comhaid ábharacha nuair a bheidh an togra críochnaithe" – nach gá iad a choimeád ar feadh tréimhse áirithe de réir rialacha Choláiste Mhuire gan Smál? – Feicim in 8b go bhfuil "trí bliana" luaite. B'fhearr na focail chéanna a úsáid sa dhá áit. 2. Foirm Fhaisnéise Rannpháirtí nó Bileog Eolais do Rannpháirtithe – mholfaínn, ar mhaithe le soiléireacht don léitheoir, go mbeadh an téarmaíocht mar an gcéanna. 3. Más rud é go mbeidh Seaghan ag cur an taighde os comhair an phobail, agus seans go mbeidh, m.sh., ag seimínear nó comhdháil oideachasúil, b'fhiú dó é sin a luadh sa Bhileog Eolais agus san Fhoirm Toilithe.

5	Declaration
Name (Print)	Áine Lawlor
	<i>MIREC Chair</i>
Signature	 <i>MIREC Chair</i>
Date	30 th March 2016

Aguisín 5: ‘Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanach’, eagrán de mhír a thras-scríobh Seán Ó Dubhda, bailitheoir béaloidis

*Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanach*¹  ^{XII}

Gan dáta.

CBÉ, 621: 47-52

Bhí cailín Caitliocaí in aimsir i dtig Sasanaigh. Bhí sí ann ar feadh i bhfad, iad ana-bhuíoch di, is í ana-bhuíoch dóibh. Bhí mac ag an Sasanach, agus thit sé i ngrá léi. Dúirt sé lena athair is lena mháthair ná pósadh sé aon bhean go deo mara bhfaigheadh sé í sin lé pósadh. Chuir an t-athair is a mháthair ina choinnibh, ach níorbh aon chabhair dóibh é. Dúirt sé ná beadh aon bhean go deo aige ach í. Ach phós sé í. Choinnibh gach éinne acu a gcreideamh fhéin. Bhí beirt leanbh aici. D’imigh sí Domhnach go dtí an tAifreann. Ní fada don mbóthar a bhí sí nuair a tháinig teachtaire suas léi, agus dúirt sé léithi filleadh abhaile, go raibh ceann dá leanaí ag fáil bháis. Dúirt sí ná fillfeadh – ná raibh aon leigheas aici féin le déanamh do, go raghadh sí go dtí an tAifreann. Sarar shroich sí an sáipéal, tháinig an tarna teachtaire suas léi, agus dúirt an teachtaire léi go raibh a bheirt leanbh ag fáil bháis, agus filleadh abhaile. Dúirt sí ná fillfeadh, ná raibh aon leigheas aici féinig le déanamh dóibh. Chuaigh sí go dtí an Aifreann, agus do thug sí aire dhon aifreann comh maith agus do thug riamh. Nuair a bhí sí ag teacht abhaile ansan, bhuail teachtaire eile léithi a dúirt go raibh a bheirt leanbh caillte.

“Má tá,” arsa í sin, “is é Dia a thug domhsa iad san, agus is é Dia a rug uaim iad, agus ní mór liom do iad.”

Tháinig sí isteach abhaile, agus ní labharfadh éinne léi, ach dúirt an fear féin cúpa focal éigin léi nuair nár dh’fhill sí abhaile. Chuaigh sí ’on tseomra ansan, agus dúirt sí ná raibh a leithéid

¹ ‘An buachaill Sasanach’ is teideal don taifeadadh fuaime a fhaightear i bhfuaimrian CBÉ M0104 sa chatalóg, ach cloítear san eagrán seo le teideal an Dálaigh in §188 | CBÉ, 966: 540-543, .i., ‘Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanach’.

do thabhartas insa tseomra so riamh roimhe seo – dhá aingeal gan pheaca. Shocraigh sí na leanaí ansan, agus nuair a bhí an bheirt leanbh socair aici, ní ag¹ gol a chuaigh sí ach ar a glúinibh ag paidreoireacht. Nuair a bhí roinnt paidreacha ráite aici ansan, shuigh sí ar chathaoir, agus níor tháinig aon duine ina gaire. Níorbh fhada gur labhair a guth os a cionn, agus dúirt an guth léi braon a chur ar na leanaí. Do fhreagair sí an guth, agus dúirt sí nárbh aon chabhair di é – go rabhadar caillte. Dúirt an guth léithi aríst braon a chur orthu – ná rabhadar caillte in aon chor, gur ina chodladh a bhíodar. Do dhein sí fé mar a dúrthas léi – chuir sí spíonóg do do dheoch éicint i mbéal duine acu, agus do thug an leanbh leis é go hana-mhaith, agus le linn na spíonóige a bhreith leis, d’oscail sé a shúile, agus do gháir. Chuir sí an spíonóg ar an tarna leanbh ansan, agus do dhein an tarna leanbh an rud céanna – do rug sé leis an spíonóg, agus d’oscail a shúile, agus do gháir. D’éiríodar aniar sa leabaidh ansan. Cad é glisiam a bhí age beirt acu. Ní mór ná gur cailleadh a raibh sa chistin – an Sasanach agus a bhean agus a mhac. Ní mór ná gur cailleadh iad nuair a chualadar an glisiam. Fuair sí buidéal uisce coisreacan ansan, agus níor fhág sí aon chúinne don seomra gan é a chrochadh ann². Tháinig an fear ’on tseomra, agus uafás air, agus tháinig a mháistir go dtí an doras.

“Crochfaidh mé braon do so ort”, arsa í sin, le máthair a céile. “B’fhearr liom an di-abhal a dh’fheiscint,” arsa í sin, “ná é.”

“B’fhéidir go gcífeá é sin leis,” arsa an bhean óg, “agus b’fhéidir nár bheag duit a luaithé.”

Nuair a chuaigh máthar a céile ag cóiriú a leaba tráthnóna³, Dia idir sinn agus an t-olc, is amhla a bhí an seana-bhuachaill insa leabaidh. Do rith sí amach as an seomra, agus do scread sí, agus d’iarr sí ar an mbean óg á mb’fhéidir léi é sin a chuir as – go raibh a leithéid seo sa leabaidh.

¹ l.s. ‘hag’

² l.s. ‘hann’

³ “the Lord save us arsa Kitty the Hare” curtha isteach i lár na habairte ag an scríobhaí.

“Nách é shin é a bhí uait,” arsa an bhean óg, “ná dúraís go mb’fhearr leat é a dh’fheiscint ná an t-uisce coisreacan¹?”

“Ní fhéadfainnse é a chuir as”, arsa í sin, “agus ní fhéadfadh éinne eile é a chuir as ach an sagart.”

Chuir sí fios ar an ministir ar dtúis, agus do tháinig, agus do bhí sé ag léamh, agus ag salmair-eacht. Bhí an ministir ag léamh ar feadh stáir mhóir, agus nuair a bhí stáir mhaith léite aige, tháinig rian chodlata ar an amhailt ghránna a bhí sa leabaidh, agus do chloisfeá ceathrú mhíle ó bhaile gach aon tsrann agus gach aon bhraim a bhí aige. Chaith sé éiriú dho is bailiú leis. Is amhla a bhí sé ag magadh fé. Caitheadh fios a chuir ar an sagart. Ní raibh aon dul go bhfág-fadh sé é. Tháinig an sagart agus do niseadh do tríd is tríd, agus dúrthas leis dá mb’fhéidir leis é a chuir as go ndíolfaidís a phá go maith leis.

“Níl aon dul agam,” arsa é sin, “a chuir as,” arsa an sagart, “go raghaidh sibh go léir ar úr nglúine chugham, agus go mbaistfidh mé sibh.”

Is iad a dhein go tapaidh. Bhíodar go lántsásta leis. Bhaist sé an Sasanach agus a bhean agus a mhac. Chuaigh sé ’on tseomra ansan. Má chuaigh, ní fada a bhí sé ag léamh gur phreab mo sheana-bhuachaill, is níor dh’fhan sé lena bhríste a chuir air. D’imigh sé ina splanc amach tré dhrom an tí, is do dhein sé poll go raibh an ghaoth is an ghrian tríd isteach. Níor dh’fhág an sagart aon phioc den tig gan coisreacan agus do dhein dhá c[h]aitlicí bhreátha dhon Sasanach is dá bhean, agus níor fhéachadar ar aon mhinistir an chuid eile dá saol, is do mhaireadar go sítheach grách an chuid eile dá saol.

¹ “the holy wather, arsa Maidhc Ó Loinsigh” curtha isteach i lár na habairte ag an scríobhaí.

Imleabhar a dó

Nóta ar an leagan amach

Eagrán cuimsitheach atá san imleabhar seo den seanchas a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh ó Sheán Mac Criomhthain ó mhí an Mheithimh 1944 go mí Feabhra 1951. De bharr gur cuireadh dáta cruinn ar fáil do gach mír seanchais, chífear gur sa bhliain 1945 a bailíodh tuairim agus a leath, agus b'fhiú amach anseo staidéar a dhéanamh ar an gceangal idir an dáta ar ar bailíodh na míreanna, agus na míreanna féin. Níor de réir an oird loim cróineolaíoch ná an t-ord inar cláraíodh na lámhscríbhinní féin i gcartlann Chnuasach Bhéaloideas Éireann a leagadh amach míreanna an eagráin seo. De réir na dtéamaí is cómónta a mbaintear leas astu agus rangú á dhéanamh ar théacsanna bhéaloideas na hÉireann is ea a leagadh amach míreanna an eagráin seo (c.f. *Leabhar Stiofán Uí Ealaoire*, Ó Duilearga, 1981; *Leabhar Maidhc Dháith*, Verling, 2007). Deineadh tagairt d'innéacsanna ATU, AT, TIF agus MI nuair ab fhéidir é, agus d'aon fhoinsí tánaisteacha eile a bhainfeadh le hábhar, agus deineadh crostagairtí do leaganacha eile d'insintí Sheáin Mhic Criomhthain má b'ann dóibh. Ina dhiaidh sin, tá plé ar na taifeadtaí fuaime a dhein Caoimhín Ó Danachair de chaint an Chriomhthanaigh, tras-scríobh ar na taifeadtaí céanna, agus an dlúthdhiosca fisiciúil féin i ndeireadh ar fad.

Gné amháin den dúshlán a bhain le hobair na heagarthóireachta ná líonmhaireacht an ábhair féin, agus an fhírinne ghlan gur mó mír acu seo a rachadh go slachtmhar isteach i ngach aon cheann de na rannóga a bhí déanta amach agam. Níor mhiste liosta a thabhairt de na rannóga atá i gceist ag an bpointe seo:

Ainmhithe agus feithidí

An duine – idir chorp agus anam

An dúlra – aimsir, fás, agus séasúir

An t-osnádúr – piseoga, draíocht agus an saol eile

Cluichí, spraoi, agus míreanna grinn

Cothú agus cócaireacht, breoiteacht agus leigheas, ithe agus ól

An choimhlint reiligiúnach

Scéalta cráifeacha

Creideamh na ndaoine

Seanchas ar shagairt

Féilte, laethanta cinn ráithe, comórtais, pátrúin, aontaí, agus ócáidí sóisialta eile

Grá, cleamhnas, agus pósadh

Iasc, bádóireacht, cnuasach trá agus soláthar raice

Na húdaráis – cúirt, dlí agus piónós

Obair – ceirdeanna agus cúraimí, cúiteamh agus uirlisí

Ón toircheas go dtí an bás, an óige is an t-aos

Seanchas ar phearsana ar leith

Seanchas pearsanta

Tithe, clathacha, bailte, feirmeacha, teampaill agus teorannacha

Stairsheanchas

Filíocht agus seanchas na n-amhrán

Seanfhocail, nathanna, beannachtaí, mallachtaí, rabhchán, agus rannta

Seanscéalta

Tobac agus pípeanna

Níor mhiste, ach oiread, cúpla focal tráchta a scríobh mar gheall ar chúpla ceann de na lipéid thuas. Saghas tréadlia neamhoifigiúil ab ea Seán Mac Criomhthain, agus tá údarás dá bhrí sin leis an méid a bhí le rá aige i dtaobh **Ainmhithe agus feithidí**. ‘Iascaire ar uairibh’ ab ea é dar le líne a scríobh an Dubhdach tráth (1948: 71), agus tá seanchas againn dá réir sin ar **Iasc, bádóireacht, cnuasach trá agus soláthar raice**. Is mó cineál troscáin a dheintí fadó as an soláthar raice, gan gabht, agus is mó ceird eile arís go raibh cur amach ag an gCriomhthanach orthu le ceart, agus cuntas orthu sin go

léir sna míreanna éagsúla atá le fáil in **Obair – ceirdeanna agus cúraimí, cúiteamh agus uirlisí**. Feirmeoireacht ba mhó a dhéanadh sé, áfach, agus é ag plé le agus ag brath ar nithe a bhfuil cur síos orthu in **An dúlra – aimsir, fás, agus séasúir**. Díol suime a easraíonn as rannóg **An t-osnádúr – piseoga, draíocht agus an saol eile** ná go raibh géilleadh an-mhór ag Seán Mac Criomhthain agus ag a bhean chéile Maighréad do phúcaí agus do chréatúir eile ón saol eile. I “nDúthaigh na Súpanna” a cuireadh i leith an tSean-Chriomhthanaigh cónaí a bheith tráth, agus níorbh aon ionadh le duine mar sin ceithre rannóg a bheith ag plé le creideamh de chineál ar fad eile: **An choimhlint reiligiúnach; Scéalta cráifeacha; Creideamh na ndaoine; Seanchas ar shagairt**. Bhí suim ar leith ag an gCoimisiún sa cheann deireanach acu sin, agus ‘Folklore of priests’ mar rannóg leis féin in *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 158). B’fhiú don té a léifeadh na míreanna sa rannóg nuálach dar teideal **Na húdaráis – cúirt, dlí agus píonós** a bheith ag cuimhneamh ar an méid seo a scríobh Ó Muirí agus é ag trácht ar Éirinn san ochtú haois déag: “Ní mór a rá go gcaithfidh go dtáinig beagnach gach uile chainteoir Gaeilge i dteangmháil leis na giúistísí, nó, ar a laghad, lena dtionchar i rith a shaoil. Caithfidh gur eisíodh na céadta míle barántas sa tréimhse seo. Tchífeadh na filí na básuithe poiblí, na fuipeála agus an phíolóid agus an posse comitatus. Bheadh na cásanna dlí oscailte don phobal agus bheadh deis ag na filí éisteacht leo. Bhí an dlí mar ghairm séanta ar na Gaeil. Ní raibh cead acu bheith ina n-aturnaetha nó ina n-abhcóidí”, (Ó Muirí, 2002: 443). Tá teacht i láthair an athar scéalaigh dheisbhéalaigh cheolmhair óna bhfuair Seán formhór an ábhair sa chnuasach seo le braistint an-mhór in **Seanchas pearsanta** agus in **Filíocht agus seanchas na n-amhrán**. Tá sé le rá faoi **Seanscéalta** gur lipéad atá ann a chuimsíonn an-chuid de na seánraí móra béaloidis mar atá fabhalscéalta, scéalta teagaisc, scéalta sí, scéalta rómánsúla, agus mar sin sa siúl. ‘Fear go raibh dúil i dtobac aige’ is teideal do scéal amháin a fhaightear faoin rannóg **Tobac agus pípeanna**, agus bhí an Criomhthanach ag insint a scéil féin sa mhéid sin mar gur fear ab ea é a dtaitníodh leis gal a bheith aige féin. Tabharfar faoi ndeara sa rannóg seo go mbaineadh Seán úsáid shuaithinseach as beannacht ar leith, a bhfuil an deilbíocht a bhaineann léi pléite go mion ag Seán Ó Coileáin (2002: xxxviii), agus gur timpeall ar thobac agus ar phípeanna go

mór mhór a bhíodh sí aige: ‘Beannacht Dé le t'anam is le hanaman do mharbh’. Go deimhin, tá líne in § 491 a thabharfadh le tuiscint dúinn gur bhraith Seán gur bhain feidhm spioradálta éigin leis an bpíp, .i., gur dócha “gur chun guíochtaint ar na mairbh a cuireadh ann í”, agus braithim dá bhrí sin nach aon chlabhsúr míchuí go dtiocfadh deireadh leis an gcuid sin den tráchtas agus an Criomhthanach i mbun seanchais ar an bplanda diamhair úd a chuir an Slánaitheoir ag fás agus a chaití ar neamh de réir an traidisiúin (Ó hÉalaí, 2012: 299).

Clár na míreanna seanchais

Ainmhithe agus feithidí

1. An bhó agus an madra alltha
2. Bó goidithe
3. Seanchas na mbó
4. Bó ó Ghallros i lios
5. An gabhar
6. Caoirfheoil á ithe ag dochtúirí
7. Fear a cheannaigh a chapall féin thar'n ais
8. Fear gur goideadh a chapall bhuidh
9. Chualathas capall ag siúl istóche
10. Searrach go raibh dhá láir á leanúint
11. An mar gheall ar an bpraisigh é a Shíle?
12. Buachaill bocht a cheannaigh cat
13. Ciacu is géire dúchas nó múineadh?
14. An fhuiseog agus seanchas ar éin eile
15. An saighdiúir a bhí ina chodladh agus an peidhleacán | Caint na ngéann
16. An dreoilín
17. Nead na fuisioige sa choirce
18. Oíche fhuar Bhealtaine
19. Amadáinín ag lorg amadán níos mó ná é féin
20. An daradaol agus an slándus
21. Seanchas ar mheacha
22. Rún díoltais ag eas
23. An eas agus an francach
24. Francach i gcloigeann an duine mhairbh

25. An francach a thug na prátaí go dtí an lánú bhocht
26. Fear meallta na bhfrancach
27. Flúirse francach
28. Máthair linbh agus francach
29. Cleas chun luch a mharú
30. An bhean chabhartha agus an fhrog
31. Seanchas ar an earc luachra
32. Ní ceart frog a mharú
33. An giorria ag ól na mbó
34. An giorria bascaithe a chuaigh 'on tsáipéilín
35. An méid a mharódh sé, fágfaidh sé ina dhiaidh iad
36. An mada rua agus an bairneach
37. An madra rua agus an frog
38. Beaglaoidh Chorr Áillí agus an mada rua
39. Cúiteamh an mhada ruaidh
40. An mada rua agus na dreancaidí
41. An chú a mhairbh an madra alla
42. An coileáinín madra i mbóthar na Cille
43. Gadhar a bhí ag an gCriomhthanach féin
44. Madra a mhairbh caíora agus an bithiúnach
45. Madra a mharaíodh bradáin
46. An peata rua a bhí i nDún Chaoin
47. Fear capaill ag tiomáint muca mara

An duine – idir chorp agus anam

48. Capall burdach Pharóiste an Fheirtéaraigh
49. Hot bun for mother
50. Marú ar chormhíola
51. Bean chor
52. Cailín Bhaile an Mhuilinn a chuir an t-uisce sa bhainne
53. Daoine beo is measa ná an diabhal
54. Driotháracha na céile
55. Fuadach
56. Toirmeasc idir dhá líon tí
57. Deinse dhomhsa an scilligeadh agus déanfadsa dhuitse an mhínmheilt
58. Cailín neamheaglach ag gabháil trí roilig
59. Cumfadsa éitheach agus dathaighse é
60. Ciacu ab fhearr?
61. Fear géar-radhairce
62. Ciacu sneá nú míola nú salachar a bhí id bhríste?
63. Dheinis i gan fhios do bheo is do mharbh í
64. Is dubh agus is daingean an chleath í agus seanchas éagsúil eile
65. Tá sé aimsir shuain do bheoibh
66. Cloisim go ndéanfadh aingil an uabhair níos mó díobhála
67. Míoneachtraithe
68. Gol, duine uasal
69. Troscadh na seana-bhan sa chúinne
70. Gearaltach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí
71. Cill Rois
72. Fear a bhí a d'iarraidh éirí as arm Shasana

- 73. An dá chailín codlatánach
- 74. Comhairle garsúna
- 75. Comhairle na mná mar gheall ar stail ráis
- 76. Fear siúil ná raibh aon scéal aige
- 77. Duine ná raibh éinní ag déanamh mearthail do
- 78. Buatais óir i gCaisleán Ghriaire
- 79. Fear simplí sa Daingean
- 80. An fear bocht a sheasaimh deoch don bhfeirmeoir mór
- 81. Alright landlady
- 82. Airgead i dtaisce i seana-chiteal
- 83. Dúil in airgead ag seana-mhnaoi
- 84. An *Jaoman* agus an tig óir
- 85. Céalacan fada ag fear sprionlaithe
- 86. Fiach dubh Chontae an Chláir
- 87. Mac duine uasail a scaip a chuid airgid

An dúlra – aimsir, fás, agus séasúir

- 88. An t-aiteann Muire
- 89. Luibh chuntúrthach á bhaint
- 90. Ní bhfuairas gaoth riamh le linn mo ghátair
- 91. Seanchas ar ghaoth mhór
- 92. Sneachta um Nollaig fadó

An t-osnádúr – piseoga, draíocht agus an saol eile

- 93. Áit go bhfaigheann gach éinne ann
- 94. An Criomhthanach agus an Bhreasaíl

95. Oideas tuaisce ort
96. Ainmhithe beaga agus gibiris acu
97. An mhurúch
98. An cóiste balbh
99. An lucharagán
100. An púca ag ithe bundlach an tí
101. An púca
102. Bean a bhí sa púcaí
103. Daoine sa púcaí
104. Bean sí na hUsaech
105. Cailín an Chaisleáin, agus sí gaoithe
106. Bríde Bhabhda
107. Bean i gcló spride
108. Mharaíos leanbh gan baisteadh
109. Sprid i Mám na Cille
110. Madra dubh á fheiscint ar an gCill
111. An bhean a dhein an toirmeasc idir an lanúin
112. Jacky the Lantern
113. An bhean bheo sa chomhra
114. Bean chupaí a tharrac
115. Fear a chuaigh ag lorg leighis ar alltach mná
116. Daoine ar creideadh bua neamhshaolta a bheith acu
117. An bhleait
118. Bean a sciobadh i mBaile na Saor
119. Cú i mám Bhaile na nÁth
120. Na daoine maithe

121. Na fairies
122. Tábhacht na buaraí
123. An bhean chabhartha sa lios
124. An buachaill a chaill a scian sa lios
125. Fuil duine ag déanamh leitean
126. Bean ón saol eile i gcairt
127. Bó a bhíodh á chrú i Lios
128. Duine a bhíonn ansan ina aonar
129. Baker agus an lios
130. Tor do ghabháiste dhearg
131. An té is mó a chonaic iontas
132. An bheirt bhan chéile a bhí marbh ag cabhrú le fear
133. An fear a chaith an oíche sa tsáipéal
134. A bhean úd thíos ar lic an níocháin
135. An fear ag filleadh ar an dtig tréis báis
136. Buachaillí Bhaile an Ásaigh agus an duine a ghaibh chúthu
137. Cian
138. Daoine ón saol eile i dtig tábhairne
139. Domhnall Ó Cíobháin agus an t-uaigneas a cuireadh air
140. Fear Chathair Scoilbín agus an Slua
141. Tig uaigneach
142. Trí slua
143. Ag gabháilt tríd an dteampall lé hiasc
144. Cóiriú an tí i gcomhair na hoíche
145. Cuiriú
146. Fuilleach an bhídh ar chnoc

- 147. Leac an tinteáin a dh'iompó
- 148. Muca á chuiríú
- 149. Seán Ó Sé agus an tor fraoigh
- 150. Greim a thabhairt do láir a bheadh ag iompar searraigh

Cluichí, spraoi, agus míreanna grinn

- 151. An bhó go raibh chúig cinn do ghamhna aici
- 152. An tÉireannach i Sasana
- 153. Beir é féin leat
- 154. Camán mór i bportach i mBaile Uí Shé
- 155. Cluichí
- 156. Éireannach, *Scotchman*, agus Sasanach, agus an diabhal
- 157. Fear ag taibhreamh
- 158. Feirmeoir Chnoc an Bhróigín nár dhein gáire riamh
- 159. Na *pills* a dh'ith na dochtúirí
- 160. Gad mara
- 161. Seirbhíseach maith cailín

Cothú agus cócaireacht, breoiteacht agus leigheas, ithe agus ól

- 162. Parson 'Day' agus an bia
- 163. Prátaí spallaigh
- 164. An chéad unsa té
- 165. An cothú atá sa bhainne
- 166. An deoch is lú a chuir duine ar meisce
- 167. Comhacht ag leac óir
- 168. Corrán géill cait i gcois tinn

- 169. An néanartach agus an goile tanaí
- 170. Bodach an Bhantó
- 171. Buidéal leighis á thabhairt abhaile
- 172. Leigheas na ndaoine
- 173. Lánú a bhí sé fichid blian
- 174. Cúrsaí sláinte
- 175. Cluas gabhair mar leigheas
- 176. Fear an tinneas croí
- 177. Fear na nGleannta go raibh an tinneas ina chliathán
- 178. An fear ón Leitriúch go raibh an beal tinn aige
- 179. Leigheas age céile shagairt
- 180. Leigheas ar fhaithní
- 181. Leigheas feorsaí
- 182. Im úr mar leigheas
- 183. Dochtúir Francach a tháinig 'on Daingean
- 184. Dúil i dtobac agus seanchas eile

An choimhlint reiligiúnach

- 185. Seanchas ar an gcreideamh
- 186. *Biblereaders*
- 187. Cailín Caitliocaí i dtig Sasanaigh
- 188. Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanaigh
- 189. Mac Sasanaigh ina shagart

Scéalta cráifeacha

- 190. An moladh a dhein Sola
- 191. An bhfuil aon tseans ag aingil an uabhair ar dhul sa flathais?
- 192. Cailín déirciúil ag goideadh an bhídh
- 193. Conas a tháinig Naomh Agústín chun creidimh
- 194. Ó Adam
- 195. Samson
- 196. An Slánaitheoir agus an cuirliún agus scéalta eile
- 197. An sparán a dh'fhág an Slánaitheoir ina dhiaidh
- 198. An Slánaitheoir agus an druncaeir
- 199. Le linn céasadh an tSlánaitheora
- 200. Sliocht mór mac ort, agus gan éinne acu as cionn do bháis
- 201. Lán loinge a bhá mar gheall ar éinne amháin

Creideamh na ndaoine

- 202. An bhean nár bheir baochas le Dia
- 203. An fear siúil agus an choróin Mhuire
- 204. Níl iofrann comh holc agus tá teist agaibh air
- 205. Uaigneas Lá Domhnaigh
- 206. Ag dul ag triail ar leabhar Eoin 'dtí an sagart agus seanchas eile
- 207. Cleachtais chreidimh I
- 208. Cleachtais chreidimh II

Seanchas ar shagairt

- 209. Na trí leathchorónacha a fuair an sagart
- 210. An sagart ag fáil bháis san oíche

- 211. An sagart agus an máistir scoile ar lóistín
- 212. Cimeád an bóthar díreach
- 213. An sagart agus ceol na bhflaitheas
- 214. An sagart óg agus na bithiúnaigh
- 215. Mo chráiteacht mar is álainn é an rachmas
- 216. Airgead ubh agus airgead sagairt
- 217. An corp gur las na coinnle air
- 218. An sagart a leighis a dhriotháir agus fear a dhriféar
- 219. Scéal Ghoirtín na Crú
- 220. Come Fish
- 221. Father Brasby
- 222. Husae an Mhachaire, file
- 223. Sinsir na heaglaise
- 224. Triúr a ghoid tórramh linbh

Féilte, laethanta cinn ráithe, comórtais, pátrúin, aontaí, agus ócáidí sóisialta eile

- 225. Móin bhreá thirim oíche Nollag
- 226. An Broicealach
- 227. An coileach ag fógairt báis
- 228. Bruíonta
- 229. Bean an fheirmeora gur goideadh an sparán bhuidh
- 230. Cóchaláin rince
- 231. Comórtas óil
- 232. Do dh'ólfainn an mhuir
- 233. Fear na bó oíche 'le Mártan
- 234. Goile Bhrian an Fhearainn

235. Lá an Dreoilín agus na sagairt
236. Lá San Stiofán Saoire
237. Pátrúin an Chaisleáin
238. Scríbhneoireacht a bhí ar spric
239. Searrach na dtrí gcos
240. Tá tuile mhór sa Leamhain
241. Turas Naomh Gobnait ar an gCill

Grá, cleamhnas, agus pósadh

242. Níl aon pholl im stoca-sa
243. God blessed me and my wife
244. Cúig phunt don tsagart
245. An pósadh déanach i Sáipéilín Ghallrois
246. Buachaill agus spéicéir ag lorg mná
247. Cailín ag dearbhú ar bhuachaill
248. Diarmuid Ó Donnchadh an Dúin
249. Drochshonuachar
250. Ní hé lá na gaoithe lá na scolb
251. Mac feirmeora agus iníon tiarna
252. Coinníl phósta idir bheirt naíonán
253. Is mó póg milis a thugas-sa riamh duit
254. Lánú a pósadh dhá uair
255. Leigheas ar achrann idir lánúin
256. Meáig agus an Muga Óir
257. Má tá Ceallachán namhadach, níl asachán leis
258. Margadh cleamhnais

259. Mo chreach fhada dhóite dhubh
260. Bainfidh sé an croiceann dínn féin
261. Seón Burns
262. Smachtú na mná

Iasc, bádóireacht, cnuasach trá agus soláthar raic

263. An ceathrar ban a bádh i bParóiste Fionntrá
264. An forc sa tonn
265. An Leaca Dhubhach
266. An sagart agus an ministir agus a leathbhearrtha
267. An tAthair Seán Ó Laoire
268. Árthaí a raiceáladh
269. Bárc a thagadh ar an dtráigh lé airgead
270. Bád Dhiarmuid Uí Shé
271. Cnósach mar bhia
272. Tá mo chuid snaoise salach agat
273. Tagann trí thonn mhóra i ndiaidh a chéile
274. The puzzle of the thirty counters
275. Triúr ag iascach dheargán fadó

Na húdaráis – cúirt, dlí agus piónós

276. An gréasaí a bhíodh ag obair ar thaobh na sráide
277. Ar an bhféith sin is fearr é
278. Barra na teangan do ghabhair
279. Bean chrúite na bó agus an báille
280. Breith chrochta ar dhuine i nGallros

281. Broderick, aturnae cliste
282. An buachaill a dhíol an gamhain trí huair
283. Croch na Ceapaí
284. Daoine a thug téarma príosúin
285. Fear i bpríosún gan deoch
286. Ná tabhair iontaoibh lé pílear
287. Oileán GEARÁN
288. Prioc-sa gé, is priocfadsa gé
289. Tá cúigear mac agam, is cuirfidh mé duine acu id bhun
290. Thugas bó liom ó Bhearna na Gaoithe

Obair - ceirdeanna agus cúraimí, cúiteamh agus uirlisí

291. An geatóir a loirg leathfhiacha burdáin
292. An fear a théadh ón Leitriúch go Waterford lé asal
293. Cleas chun droch-chapall a dhíol
294. Scoilb agus scuabadh
295. Cailín bocht ag díol bascaeidí
296. Cuntas ar shlata agus ar thuigí ó Sheán Mac Criomhthain
297. Cleas an tuíodóra
298. Triúr dochtúirí gan obair
299. Claí an Bhréagaire agus seanchas eile
300. Fear gan léamh a léigh leabhar
301. An grafadh
302. An t-aoire nár nis aon éitheach riamh
303. Beir chughat a ghabhair bháin
304. Fear bainte an fhéir agus an leanbh

- 305. Gamhna breaca mar thuarastal
- 306. Lánú gan chlann chuig an tsaoil
- 307. Mac Uí Shúilleabháin Uíbh Ráthaigh i dTiobrad Ára
- 308. Marú duine ar fhear siúil
- 309. Feirmeoir ná fanadh aon bhuachaill aige
- 310. Saibhreas sé horla fén gcré
- 311. An gabha a bhris an leathchoróin
- 312. Crú ó Shasana ag Lord Ventry
- 313. Seana-ghlais bhriste, agus brioscghlais bhreoite
- 314. Máthair céile agus bean mhic ar an gCill
- 315. Pílear ón Leitriúch i Sasana
- 316. An bheirt a bhí ag bailiú i gcomhair an tsáipéil
- 317. Daoine ag dul as baile ag tuilleamh
- 318. Rún i dTiobrad Ára agus i Luimneach
- 319. Seanchas ar spailpíní agus ar bhuachaillí aimsire
- 320. An táilliúir agus bean an ime sciobtha
- 321. Mac file ag foghlaim táilliúireacht
- 322. An fear siúil agus an saor
- 323. Coiréal Uíbh Ráthaigh
- 324. Éireannach i Meoraice

Ón toircheas go dtí an bás, an óige is an t-aos

- 325. Tánn tú id shuí ar fhód do bháis
- 326. “Do bhís ólthach imearthach” arsa an bás
- 327. Mo ghrá thú agus mo thaisce agus ba mhór le rá tú tamall
- 328. An fear a dheineadh é féin a thórramh

329. An mháthair a thug turas ar a mac tréis a báis
330. Bean i *dtrance*
331. Bím sínte ar do thuama
332. Deoracha ag teacht ó shúile coirp
333. Fear ag siúl ina chodladh
334. Trí theachtaire an bháis
335. An scoláire bocht agus an leanbh á shaolú
336. Sagart agus bean luí seoil
337. An tIarla Rua
338. An mac a chuir an t-athair amach

Seanchas ar phearsana ar leith

339. An Giúdach go raibh an t-ór aige: Damer
340. Eachtra ar an dTreantach
341. Séamus Ó Finn
342. Séamus Ó Finn, fear púcaí
343. Muiris Réadóra
344. Nóra Hibeard
345. Peaidí Liam, file
346. Diarmuid Ó Bric
347. Eachtra ar Thomás na bPúcaí
348. John Williams agus seanchas eile
349. Connor an ghandail bháin
350. Muiris an Chipín
351. Treabhchaistí
352. Sloinnté

- 353.** Muintir Shé an Gharráin
- 354.** Thomas Thomson
- 355.** Seán Hill
- 356.** Dane Swift agus an buachaill
- 357.** An gréasaí agus Dónall Ó Conaill
- 358.** Cailín ag dearbhú ar shagart – Dónall Ó Conaill
- 359.** Tionóntaí a lamhach Tiarna Talún – Dónall Ó Conaill
- 360.** Dónal Ó Conaill agus bean tig an ósta | Dónall Ó Conaill agus an dá bhullán
- 361.** Eachtraí ar Eoghan Rua
- 362.** Eoghan Rua agus Diarmuid na Bolgaí
- 363.** Eoghan Rua agus Diarmuid Ó Mairneán
- 364.** Mise Eoghan Rua ón Móin Rua
- 365.** Tá an paróiste ag an sagart, tá an chathair age Síomón
- 366.** Ní ar a bheith bocht is measa dhúinn
- 367.** Mister Bland agus Mister Stokes
- 368.** Filíocht Eoghain Ruaidh
- 369.** Guistí agus an scláta iarrainn
- 370.** Guistí Connor agus Seán Ó Flathartha
- 371.** Guistí Connor ag ceannach caorach
- 372.** Deisbhéalaí Phiarais
- 373.** Eachtraithe ar Phiaras
- 374.** Pílear Connor
- 375.** Maitiú an Chuilinn
- 376.** Lord Ventry agus luach an phráta
- 377.** Clais Mhacha na nDamh

Seanchas pearsanta

- 378.** Báillí ón áit seo ag tógaint stoic
- 379.** An Seana-Chriomhthanach ar phósadh i mBaile an Ghoilín
- 380.** Bás máthar an Chriomhthanaigh
- 381.** Athair an Chriomhthanaigh agus Tobar na Saileach
- 382.** Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmad?
- 383.** Caid á bhualadh istoíche ar an gCill
- 384.** Amhrán d'fhoireann chaide an Daingin
- 385.** Capall Mhuintir Chriomhthain
- 386.** Cosán trí thig m'athair críonna
- 387.** Footcroft agus an coileach
- 388.** Is mór an deifir a bhíonn idir shagairt
- 389.** Cúpla ceathrú ar Parnell
- 390.** Aimsir an léig
- 391.** Mac Sheáin a' Ghabha agus Cúiréirín Dowd
- 392.** Seán Mac Criomhthain agus Davis
- 393.** M'athair agus bunóirseach ag amhrán
- 394.** Neart na ndaoine fadó
- 395.** M'athair ag seasamh chun baistí
- 396.** Na daoine a chionn púcaí
- 397.** Oíche dhorcha ar bhóthar an Daingin ag an gCriomhthanach
- 398.** Seanchas ar Sheana-Sheán Criomhthain, seanchaí
- 399.** Uaigneas i gCill Fhiontáin

Tithe, clathacha, bailte, feirmeacha, teampaill agus teorannacha

- 400.** Ábhar fallaí tithe
- 401.** Córacha iompair
- 402.** Clathacha cloch agus seanchas
- 403.** An Ghlas Ghaibhneach
- 404.** Carraig na bPiléar
- 405.** Fear a cuireadh fé leac a thinteáin féin

Stairsheanchas

- 406.** An líon
- 407.** Lear Keye agus seanchas eile
- 408.** Na Danes
- 409.** Na Lochlarnaigh
- 410.** Seán na Bánóige
- 411.** Traidisiún stairiúil
- 412.** Bhí triúr agus cúigear ann ón scairt
- 413.** An Drochshaol I
- 414.** An Drochshaol II
- 415.** Péaca prátaí á chur sa Drochshaol
- 416.** An bord
- 417.** Meabhair an domhain agus seanchas eile
- 418.** Capaill iallaithe
- 419.** Carraig Éinín agus seanchas eile
- 420.** I measc cránta gan mhúineadh
- 421.** Madra an dá cháise agus seanchas eile
- 422.** Targaireacht

423. *Election* fadó

Filíocht agus seanchas na n-amhrán

424. Is fada mé ar buaireamh

425. Bhí pósadh i nGeaililí

426. Caoineadh Father Eoghain

427. An seandúine agus an bhean óg

428. An buachaill óg agus an tseana-bhean

429. Do thugas grá cléibh duit a óigbhean ar dtúis

430. A fharaire cheannasaigh

431. Mada rua Formaoileach

432. Bachal Óg

433. Bás Bhachail

434. Beadsa féin báite is umbochón

435. Is mó cnap ramhar do dh'ith mo Neidí

436. An tAthair Muiris Ó Cuill

437. Dríofiúr ag caoineadh a dhriothár

438. Faoistine Ghuistí

439. Tarbh an Fhearainn

440. Carraig Aonair

441. Ceathrar Tadhg do ghaibhne ríothúla

442. Connor Síol an Bhotúin

443. Fear ag lorg spáis chun cíosa

444. Filí ag tarlúint le chéile

445. Mo bhuaireamh an t-uaigneas go léir as ár gcionn

446. Sliabh na mBan

447. Sa mhainistir lá

448. Age bun na cruaithe a cuireadh chun féir mé

449. Bainne an ghabhair bháin

450. Bean an duilisc

451. Buachaill ón Sráidbhaile i mBaile Uí Sháithil

452. Dá mbeifeá agamsa cois abha caoile

453. Do bhíos-sa lá i Mala, is mé ag ól punch

454. Fear do mhuintir Laoithe i Macha an Mhíl

Seanfhocail, nathanna, beannachtaí, mallachtaí, rabhchán, agus rannta

455. Johnny Goslin'

456. Rabhcáin I

457. Rabhcáin II

458. Na trí rud ba rathúla

Seanscéalta

459. An tarbh fiain

460. An sagart ag goid na muice

461. Bithiúnach i gcló cailín á mhárú ag madra

462. Bithiúnach Mhullach Bhéal

463. An láirín rua

464. An marbh go raibh chúig phuint fiacha air

465. Scéal Bháitéir

466. Dhá chat ag caint le chéile

467. Fios, Leigheas agus Drad-Ualach

468. Labhar Ó Loinsigh

469. Mada rua Shasana

470. Tig Cúirte ó Londain i gCuan Fionntrá
471. Gile Gréine
472. Garsún a bhain banbh as cráin
473. Muiris Breac
474. Tá an chéad tig go gcónaís ar lár
475. An Gobán Saoir
476. Rí na mBréag
477. Tabhair chugham do chara, agus t'easchara
478. Tabhair do rún dod dhriofúr, agus do stór dod mhnaoi
479. Banríon na bPlainéad
480. Droichead Ráth Caola
481. Na trí chomhairle
482. An siúinéir a bhíodh ag ól

Tobac agus pípeanna

483. Píp na Feothanaí
484. Bean thaobh an chnoic agus an fothram sa tig
485. An cleamhnas briste
486. Seán Móinbhíol á chuir amú
487. Bhí triúr ar mhuin triúir
488. Fear go raibh dúil i dtobac aige
489. Liam Chathail a thug drochghuí dhos na púcaí
490. Píp an bhaile seo, píp na Cille
491. Píp dhubh ón saol eile
492. An sprid agus an cailín marbh
493. Tosnú an tobac ar thórramh

Ainmhithe agus feithidí

1. *An bhó agus an madra alltha*

[?].9.47

CBÉ, 982: 241-242

Cad a dúirt an bhó nuair a chonaic sí an madra¹ alltha? Ar chualaís riamh é sin? Bhí an bhó ag teacht go dtí an abhainn, díreach tréis breith dhi, agus chonaic sí chúichi an madra alltha. Bhí caint ages gach aon ainmhí fadó. D'iompaigh an bhó, agus d'fhéach sí ar an ngamhain, agus dúirt:

“Chím chugham anoir,

fear na sruthán,

fear na roth,

fear na coise caoile crua,

mo chéad trua mo lao gan rith.”

¹ l.s. ‘madar’ tríd síos.

2. *Bó goidithe*

25.2.45

CBÉ, 968: 45-46

Fear a bhí san áit seo fadó, d'imigh bó bhuidh. Bhí gach aon áit cuardaithe aige don mbó. Ach chuaigh sé tamall ó bhaile lá, agus do chonaic sé fear i mbun bha. Chonaic sé bó.

“On diabhal,” arsa é sin, “gur tú atá ann.”

Chuaigh sé go dtí an gclaí. An bhó a bhí imithe bhuidh, bhí leath an earbaill di. Bhí sé ag féachaint ar an mbó. Bhí an t-earball ar fad ar an mbó.

“Gadé an fhéachaint athá agat ar an mbó san?” arsa é sin, arsa fear na mba.

“Mara mbeadh,” arsa é sin, “an t-earball a bheith uirthi sin, do thabharfainn an leabhar gurb í mo bhó í a dh'imigh bhuam.”

D'imigh fear na mba, agus thairrig sé scian as a phóca. Ghearraigh sé an t-earball.

“Tabhair an leabhar anois ann,” arsa é sin, “gurb í do bhó í.”

Ba í a bhó í. Bhí earball eile ceangailte aige uirthi. Do ghearraigh sé ar an dtaobh¹ thuas don áit a bhí *joináltha* aige í. Nách deas a dhein sé é. B'éigeant dom dhuine teacht abhaile.

1 l.s. 'dtéabh'

3. *Seanchas na mbó*¹

[?].7.45

CBÉ, 977: 264-268

Téann an bhó ar a glúine ag luí, agus ag éirí. Níor chuala riamh aon scéal mar gheall air sin. Dhá rud nách féidir a thoghadh, bó aonaigh, nú bean Dhomhnaigh. Beithíoch ná beadh aon ghamhain go deo aici is ea maighdean b[h]uaile. Ní dócha gur mhaith le héinne í a bheith aige. Is maith é an gabhar a bheith i dteannta na mba. Tá luibh ag fás sa talamh a dheineann díobháil don ainmhí, agus cuireann an gabhar chun báis í. Nách mór an *power* athá ag an ngamhain, ná féadfaidh an léithuisce éinní a dhéanamh leis. Agus sin rud a bhíodh fadó i dteannta ba, asal. An bhfeacaís conach² riamh?³ Bíonn sé cheithre n-orla ar fhaid i bhfeirm spiúnamhait, ach é seo a bheith níos sia agus níos téagartha. Ní bhíonn aon chlúmh air. Bíonn dhá cheann air. Bíonn gach aon dath air. Téann sé sin i srón na mba. Chuireadh blath an asail chun báis iad. B’ait an dream a bhí fadó ann, agus maidean is tráthnóna, shiúláíodh sí timpeall na gclathacha, agus ní dh’fhaigheadh sí slimide ann. Díoladh í mar gheall air. Nárbh é an díthchéille é, agus ana-bhó. Ní bheadh a n-aighe lena cuid bainne⁴.

Ní ceart bó a mholadh gan “bail ó Dhia uirthi” a rá. Chuireodh duine féin ainmhí. Chuala trácht ar aoire a bhí i mbun bheithíoch lá. Tháinig rud éigin ar cheann dos na beithígh, agus cuireadh fios ar fear⁵ a bhí san áit go raibh leigheas cuirthe aige. Dúirt sé gur cuiriú a bhí ar an mbeithíoch. D’fhiarthaigh sé don aoire ar ghaibh éinne chuige ó mhaidean. Dúirt an t-aoire nár ghaibh.

“B’fhéi’ go bhféadfadh duine éigint gabháil an tslí i gan fhios duit,” arsa fear an leighis.

“Ní raibh aon dul aige air,” arsa an t-aoire.

“Bhuel, cuiriú athá ar an mbeithíoch,” arsa é sin.

“Más ea,” arsa an t-aoire, “is mé fhéin a chuirigh í.”

¹ ‘Lore of Cows’ an teideal a bhí ar an méid seo sa lámhscríbhinn de bharr go mbaineann sé le hábhar a bailíodh le cabhair ó lth. 32 de chuid *A Handbook of Irish Folklore*.

² Tá míniú ar an bhfocal seo faoin gceannfhocal a bhí in IED: “the elephant hawk moth (choerocampa elpenor); found in dark places and regarded with aversion; on being discovered it is instantly killed as it is believed to sting cattle severely in the muzzle; the ass is supposed to kill it.”

³ Tá an chuma ar na ceisteanna a fhaightear sa lámhscríbhinn gur Seán Mac Criomhthain féin a chuireann iad, seachas an scríobhaí.

⁴ .i., “níor tháitín a cuid bainne leothu siúd a dhíol í”

⁵ Líne ag SÓD faoin litir ‘f’ sa bhfocal seo i dtaobh gan é a bheith séimhithe ar lorg an réamhfhocail ‘ar’.

“Ní fhéadas a dá shúil a thógaint ó mhaidean di,” arsa é sin.

“Tú fhéin a chuirigh mar sin í,” arsa an fear eile, “caith do shilleadh¹ anois uirthi,” arsa é sin, “agus abair bail ó Dhia uirthi trí huaire.”

Do dhein, is ní túisce a bhí sé déanta aige ná phreab an beithíoch ina suí. Do leighisfeadh an fear eile an beithíoch, ach b’fhearr leis greim a dh’fháilt ar an té a chuirigh í. Sin é an leigheas is fearr dréir dheáraitmh. Bhíodh luibh ag fás a leighisfeadh í, ach ba bhuaine dréir dheáraitmh an té a chuirigh í a chuir a ghabháilt di.

Tá cuiriú fós ann. Bhí Peaidí Donncha a bhí i mBaile an Lochaigh, bhí sé ag féireacht bha tráthnóna Domhnaigh, is ghaibh Dowd an Chrosaire chuige. Stad sé ag caint leis. Bhí na ba as a gcoinnibh isteach sa ghort. Níorbh fhada gur thit ceann dos na ba.

“Tá mo bhó cuirithe agat,” arsa Peaidí le Dowd.

“Níl,” arsa Dowd, “mar nár chuiríos-sa éinní riamh, ach más cuiriú ’tá uirthi,” arsa é sin, “is tú fhéin a chuirigh í.”

Dúirt sé le Dowd teacht isteach ’on ghort, is dul ag obair ar an mbó. Do chuaigh, is dá mbeadh Dowd ag gabháilt don mbó go dtí inniubh, ní dh’éireodh an bhó. Arsa Dowd:

“Téire féin ag obair anois.”

Do chuaigh. Ní túisce a chuaigh ná a dh’éirigh an bhó nuair a dúirt sé, “bail ó Dhia uirthi.”

Tá sé coiscthe beithíoch ná aon ainmhí a bhualadh le slat sceiche gile. Deirtaí go gcuirfeadh sé tinneas uisce ar an ainmhí. Chuala go minic nár cheart árais tí leamhnachta a ní san abhainn, nú á nífeá san abhainn iad, an t-uisce a bheadh iontu a chaitheamh amach ar an bport, gan aon phioc leamhnachta a scaoileadh leis an abhainn. Agus an gcualaís riamh go raibh sé contúrthach bainne a bhreith amach as an dtig istoíche gan salann a chuir ar an mbainne? Níor chrús riamh bó tréis í a bhreith gan cúpla snamh as nach aon tsine a chrú ar an dtalamh chun éinní díobhálach a bheadh sa tsine a scaoileadh ar an dtalamh. chun bó a chrú, suí ar an dtaobh deas don mbó, agus t’aghaidh siar,

¹ .i., “do shilleadh súl”

agus t'áras idir do dhá ghlúin, agus gan a bheith ag tabhairt aon chaint d'éinne, agus í a chrú comh tiubh is dh'fhéadfá é do mhéireanna a chuir síos insa bhainne anois, agus aríst, agus na siní a fhliuchadh, agus an úth a bheith ar bhailchrith agat.

Gad iad na siní is ceart a chrú ar dtúis? Tá daoine ann a chrúnn an dá shine tosaigh ar dtúis, ach ní hé sin an ceart, ach í a chrú trasna, sine tosaigh deas, agus sine deireadh clé, agus ansan sine tosaigh clé, agus sine deireadh deas. Ná mná is mó a bhíodh á gcrú fadó, ach ní hiad anois. Níl aon dul age bean ar fhear chun iad a chrú. Bhídís ag duanaireacht dóibh fadó. Bhí bean ann fadó, agus bhí bó aici, agus tháinig an báille chun *decree* a bhualadh ar an mbó. Bhí sí istigh sa ghort ag crú na bó. Sheasaimh sé sa bhearnain ag feitheamh go mbeadh an bhó crúite aici. Bhí sí ag crú léi, agus ag duanaireacht:

“Mo thaisce is mo ghrá thú,” arsa í sin,

“is go bhfanfá ag tál dom,

go dtí maidean amáireach,

dá bhfanfadh ag scolpán sa bhearna.”

Bhailimh leis ar deireadh¹.

¹ Tá leagan eile den eachtra seo in §279 | CBÉ, 968: 173-174, agus leagan eile arís ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 621, 53-54.

4. *Bó ó Ghallros i lios*

1.1.45

CBÉ, 967: 119-121

Bhí feirmeoir thíos i nGallros fadó. Bhí Gallros ar fad fé. Is dócha go mb'fhéidir gur sa Chaisleán a bhí sé ina chónaí. Bhí aoire i mbun na mba aige gach aon lá. Níorbh fhada gur bhuail bó leis breoite, agus do cailleadh í. Do baineadh a croiceann di, agus do cuireadh ar salann í, agus do bhíodar á hithe leo. Ach tráthnóna, bhí an t-aoire ag tiomáint na mba abhaile. Ar an nduí a bhíodar. Cad a chífedh sé ná an bhó a bhí sa tsathach, agus tháinig dhá shúil do. Bhí sé ag tiomáint na mba, agus do thug an bhó a haghaidh ar an Muirígh ó thuaidh air. Lean sé í comh fada leis an Muirígh, ach chaith sé scaoileadh léi. Tháinig sé abhaile.

“Nách fada a bhís,” arsa an Máistir.

“A leithéid seo,” arsa é sin, “do bhí an bhó a cailleadh, do bhí sí i dteannta na mba.”

“Conas a bheadh,” arsa an Máistir, “agus í sa tsathach?”

“Is cuma cad a dheineann an sathach,” arsa é sin, “do bhí sí i dteannta na mba. Do leanas go dtí an Muirígh [í]. Chaitheas scaoileadh léi.”

Lá arna mháireach do bhí sé ag máirseáil timpeall na mba, agus do chonaic sé an bhó.

“Thánn tú ansan,” arsa é sin leis fhéin.

Chuir sé chun na mba a thiomáint abhaile níos luatha¹ ná tiomáineadh aon tráthnóna roimis sin. Do chas an bhó. Fear maith lúfar ab ea é. Rug sé ar earball ar an mbó, agus do chas sé timpeall ar a láimh é. Má chas, do bhí an bhó rómhaith sa choisíocht do. Bhíodar lé chéilig ó thuaidh chun na Muirí, ard na faille ó thuaidh nó go gcuadar go barra failltheacha Árda Mór. Síos leis an mbó, agus chinnibh amach thar bhéal an chuain. Chuaigh sí isteach i dtig ansan. Bhí fear insa chúinne thuas.

“Cad a thug anso thú?” arsa an fear.

“Thug i ndeabhaidh mo bhó,” arsa é sin.

“Ní hí do bhó í,” arsa an fear.

1 .i., 'luaithe', ar aon dul le 'tuatha' a bhíodh thar ceann 'tuaithe' aige.

“Is í,” arsa é sin. “Dá chomharthaí gurb í, béarfadsa liom aríst í,” ag tarrac stiall ar an mbó.

“Cuir abhaile croiceann mo s[h]eanamháthar chughamsa mar sin,” arsa an fear.

“Ná bíodh eagla ort,” arsa é sin.

Thiomáin sé roimis an bhó, agus do bhí gach aon tonn ag gabháilt sa drom air. Éinní ach a rá go dtug¹ sé na cosa leis. Thug sé abhaile an bhó go Gallros. D'imigh sé ar maidin lá arna mháireach, agus an croiceann aige, agus do sheasaimh sé ar bharra na haille, an áit gur bhris an bhó amach, agus scread sé.

1 l.s. 'dtuig'

5. *An gabhar*¹

[?].9.45

CBÉ, 977: 409-410

Cé a dhein an chéad ghabhar? An diabhal. Dhein sé an gabhar, ach ní fhéad sé an t-anam a chuir ann. Chuir an Slánaitheoir an t-anam ann. Dúirt sé leis an seana-bhuachaill ansan ná faigheadh sé an rud a dhéanfadh sé² ach an chéad rud a dhéanfadh sé. D'éirigh an gabhar, agus dhein sé béic. Sin a bhfuair an diabhal, an bhéic, agus tá an bhéiceach i ndeabhaidh an ghabhair ó shin. Beireann daoine ar bhéal ar an ngabhar nuair a chuireann siad an scian ann³, chun ná cloisfaí ag béicigh é, mar tá béic ana-dhiamhair aige, agus b'fhearr scaoileadh leis, is ea is fearr a thabharfadh sé a chuid fola. Deoch uisce a loirg an chaíora, deoch fíona a loirg an gabhar.

“Léan id fhéasóigín mhothalach mhíolach,” arsa an chaíora, “is olc an díol ort é a dh'fháilt.” D'ithidís úr an chéad chuid d'fheoil an ghabhair, agus chuiridís ar salann an chuid eile. Nuair a mhairímist na gabhair fadó, bhí scata gabhar againn, ní dh'imíodh aon phioc don ngabhar i bhfásta ar mo mháthair. Ghlanadh sí amach nach aon phutóg a bhíodh istigh sa ghabhar, agus d'ardaíodh sí léi sall 'on abhainn iad. Thiormaíodh sí ansan iad, is chuireadh sé gaoth iontu, agus chrochadh sí in airde iad. Líonadh sí gach aon cheann acu, le fuil is min choirce is oinniúin is piobar is salann.

Chuala trácht ar fhear a bhí in aimsir age feirmeoir mór, agus is é rud a fuair sé lena dhinnéar ná leath ceann giorria.

¹ Tá insint seo an Chriomhthanaigh mar fhoinsé sa phlé a dhéanann Pádraig Ó hÉalaí ar sheanchas an ghabhair agus mar a bhaineann an Slánaitheoir leis. An t-achóimre a thugann Ó hÉalaí ar sheanchas na ngabhar, tagann sé leis an méid atá againn ón gCrimhthanaigh thuas: “an diabhal a dhein an gabhar, ach an Slánaitheoir a chuir anam ann.” Le ATU 773 (4) a bhaineann an mhír seo seanchais dar le Ó hÉalaí, agus tá insintí eile le fáil, arsa é sin, in CBÉ, 929: 266; CBÉ, 782:438; CBÉ, 809: 506 maille le Ó Duilearga 1948: 2. Is suaithinseach gurb é a chuirtear i leith an ghabhair dar le leagan CBÉ, 929: 266 ná “nuair a bheireann tú air, is é an chéad rud a dhéanann sé, a chac a dhéanamh” (Ó hÉalaí, 2012: 124).

² ‘an gabhar’ atá i gceist, dar le nóta ó SÓD.

³ “chun é a mharú” – SÓD.

6. *Caoirfheoil á ithe ag dochtúirí*

10.12.44

CBÉ, 966: 530-532

Bhí triúr dochtúirí lá ar dinnéar thíos i *hotel* insa Daingean, agus caoirfheoil a bhí acu. Bhí duine dhos na dochtúirí, ní raibh sé ag ithe na feola.

“Ná híosfá an fheoil,” arsa duine acu.

“Ní dh’íosfainn feoil duine in aon chor,” arsa é sin.

“Cad ’deireann tú?” arsa an dochtúir.

“Faoil duine í sin,” arsa é sin.

“Deirimse nách ea,” arsa an dochtúir, “ach caoirfheoil.”

Bhuail sé geall síos leo. Fiarthaíodh do fhear an *hotel* cá bhfuair sé an fheoil seo. Nis sé dhóibh – an búistéir.

“Cuir fios ar an mbúistéir,” arsa é sin.

Tháinig an búistéir.

“Cá bhfuairis an t-uan go ndíolais a chuid feola leis seo?”

“Fuaireas thuas i gCnoc an Bhróigín.”

Cuireadh fios ar fhear Choc an Bhróigín.

“Cá bhfuairis an t-uan a dhíolais leis an mbúistéir seo?”

“Dom féin a rugadh é.”

“Cad a bheathaigh é?” arsa é sin.

Chrom fear Chnoc an Bhróigín ar gháirí.

“By Gor,” arsa é sin, “neosfaidh mé an fhírinne dhuit. Bhí garsún liom ag faire an chaíora a bhí breoite ar fean an lae, chun toirtín a dh’fháilt, agus is é an toirtín a dh’fhaighidí dhá ubh. Nuair a rug an chaíora, thug sé leis abhaile an t-uan, agus níor lean an chaíora é. Chuathars ag lorg na caorach, is bhí an chaíora imithe ar an gcnoc. Ní bhfuarthars an chaíora an lá san. Bhí mo bhean ag tógaint linbh, agus do chuir sí an t-uan ar a borlach, agus do thairrig sé an

cín. Istoíche lá arna mháireach, fuarathars an chaíora. Tugadh abhaile an chaíora. Dh'fhéachfadh an chaíora ar an¹ uan, ní dh'fhéachfadh an t-uan ar an gcaíora. Thóg mo bhean an t-uan ar scáth an linbh. Sin é an tslí a tógadh an t-uan.”

1 l.s. 'an aon'

7. *Fear a cheannaigh a chapall féin thar'n ais*¹

8.4.45

CBÉ, 968: 351-352

Bhí fear thiar i bParóiste an Fheirtéaraigh, agus do bhí capall ana-bhurdach aige. Níl aon mhaidean ná bíodh duine éigint sa doras aige ag fógairt a chapail. Ach d'ardaigh sé leis an capall ar aonach an Oileáin, agus do dhíol sé an capall. I dteannta an chapail a bheith burdach, bhí sé lán do stailc. Do dhíol sé é, agus bhí sé ag siúl ar fuaid an aonaigh ansan. Capall bán ab ea é, is bhí ana-dhúil i gcapail bhána aige. Siar sa lá, do bhuail capall bán leis age fear á dhíol, capall ana-dheas. Luigh sé leis ag ceannach an chapail bhuaidh, agus do cheannaigh. Thug sé cúpla punt breise ar an gcapall, agus do ghluais sé abhaile. Chuaigh sé ar marcaíocht ar an gcapall ag cuir an bhóthair do. Níor ghá aon bhuille a bhualadh air. Ach nuair a tháinig sé abhaile, do bhailimh lán an tí isteach chuige, is d'fhiarthaíodar do conas a bhí aige.

“Dhé mhuisse, baochas le Dia, tá scéal maith agamsa. Tá an bithiúnach imithe bhuam, agus tá féirín tugtha agam liom. An capall is sólásáí gur chuas ina dhroim riamh. Níor ghá dhom aon bhuille a bhualadh air ó dh'fhágas an t-aonach.”

Ar maidin, scaoil sé amach 'on ghort é. Ar maidin lá arna mháireach, bhí fear ag cnagadh an doiris aige. An capall céanna a bhí tabhartha aige leis, é seoinseáltha ag an *jobbéir*. Ná deas a dh'imigh sé air – a chapall fhéin tugtha aige leis aríst, agus dhá phunt breise tugtha aige air.

¹ Bhí insint eile ar an méid seo againn le fáil in §48 | CBÉ, 1035: 267-269 agus cuirtear an leagan níos faide sin leis ar fáil san eagrán seo.

8. *Fear gur goideadh a chapall bhuidh*¹

25.3.45

CBÉ, 968: 287-290

Bhí fear timpeall an Daingin fadó, agus do goideadh a chapall bhuidh. Ní raibh a chapall lé fáilt ar maidin, agus ní raibh ná a ghadhar, ach lá arna mhanathar, do tháinig an gadhar chun an tí, agus do dhein sé suas ar a mháistir, agus do chimil sé a lapa dho, agus seo chun an doiris aríst é. Bhí sé chuige is bhuidh. Ach do dhein an máistir suas é fhéin. Do lean sé an gadhar. D'imigh sé air, an bóthar. D'fhéachadh sé ina dhiaidh anois is aríst, an máistir ina dhiaidh. Ach ar thiteam na hoíche, casadh go dtí tig iad. D'imigh an gadhar roimis isteach. Lean sé an gadhar. Nuair a chuaigh sé isteach, do bhí fear an tí ag féachaint ar an gadhar, agus ag féachaint ar an bhfear.

“Sin gadhar,” arsa é sin, “a bhí anso arú aréir cheana, agus ní mise a bhí ina theannta.”

“Cé a bhí ina theannta?” arsa an fear eile.

“Do bhí fear capaill,” arsa é sin, “agus is sin é an gadhar a bhí ann go siúráltha.”

D'fhanadar ansan go maidean, agus ar maidin go moch, do bhí an gadhar ar tiomáint ar fuaid an tí nú go rabhadar ullamh. Amach leis, agus d'imigh sé roimis, agus níor stadadar go gcuadar isteach go Trá Lí. Chuaigh an gadhar isteach i ngeáird a bhí ansan, agus do dhein sé fé dhóras stábla a bhí ann, agus chimil sé a lapa dho. Chuaigh an fear go dtí an doras. Tháinig fear chuige.

“Cad 'tá ansan bhuit?” arsa é sin.

“Oscail an doras,” arsa é sin.

“Ní osclóidh mé,” arsa an fear eile.

D'iompáigh sé amach aríst. Chuaigh sé go dtí beairic na bpíleas, agus d'eachtraigh sé dhóibh gach

¹ Bhailigh Seán Ó Dubhda leagan den eachtra seo agus tá sé seo le fáil in CBÉ, 121: 525-535. Chuir Pádraig Ó hÉalaí suim san eachtra céanna ina alt dá chuid ar an urnaí sa bhéaloideas: ‘An Urnaí sa Bhéaloideas, *Revieú Mhá Nuad*, Iml. 4, Uimh. 2, (1978), lgh. 52-63. Is é a thug Ó hÉalaí faoi deara faoin eachtra mar a bhailigh an Dubhdach é, agus eachtraithe eile mar é, ná gur ilghnéitheach ar fad an chabhair a bhí le fáil ag daoine iontu mar thoradh ar a n-achainíocha, agus an sliocht seo a leanas ó chaint an Chriomhthanaigh mar shampla dá raibh i gceist aige:

“Ghuíodh fear bocht go rialta don té a ghoid a láirín rua uaidh. Lean sé mar sin ar feadh na mbliana agus ní raibh suaimhneas aigne á fháil ag an robálaí. Ar deireadh, thug an robálaí ar ais chuige an láirín agus sé cinn de shearraigh a bhí aici ó goideadh í.”

Tabharfar faoi deara go bhfuil de dhifríocht idir an leagan a bhailigh Seán Ó Dubhda agus an leagan a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh nach bhfuil an méid seo dar thagair Pádraig Ó hÉalaí le fáil san insint atá anseo againn ó Sheosamh Ó Dálaigh.

éinní mar gheall ar an ngadhar, agus ar an gcapall, agus do ghluais na pílears. Do chuireadar iachall air an doras a dh'oscailt. Nuair a chuadar isteach, bhí trí cinn do chapaill istigh. Nuair a labhair sé seo, chrom a chapall fhéin ar a bheith ag siotaraigh, agus ag féachaint air. Dúrtas leis an capall a thabhairt bhuaidh go tapaidh. Thug sé bhuaidh an capall, agus deabhadh air. Thógadar leo é féin, agus n'fheadar cad é an chrich a dh'imigh air. Ní chuala é. Ach ba mhaith an phointeáil don ngadhar é sin. Chuala ná raibh aon fhocal bréige ansan.

Chloisinn cuir síos ar ghadhar a bhí age m'athair críonna fadó, agus chuaigh sé go Meiriceá. Bhí muintir a chéile ar an nGarrán. Thugadh sé a lán turais ann. An lá a dh'imigh sé, do chuaigh an gadhar gan siúl á lorg. Níl aon tseachtain ná tugadh sé babhta ann, agus loirgíodh sé na goirt do. Thug sé dhá bhliain i Meoraice, agus an oíche a tháinig sé abhaile, bhí sé ina choinnibh age Barra an Mháma, agus nuair a tháinig sé isteach abhaile, bhí an gadhar ag imeacht fiain amuigh. Caitheadh an gadhar a scaoileadh isteach. Nuair a chuaigh sé a chodladh, chuaigh an gadhar 'on tseomra. Chaith sé éirí aríst is fuireach ar an dtinteán go maidean i dteannta an ghadhair. Ní raibh aon fhocal bréige ansan. Á gcaillfeadh capall crú ar an gcnoc, gheobhadh sé é, agus thabharfadh sé leis é nú slabhra. Do chaill sé¹ púits maidean agus chuardaigh sé an garraí dho, agus i gcionn tamaill mhór don maidin is ea a bhuail an gadhar chuige isteach, agus a phúits ina bhéal aige. Bhí² blúiríocha tobac aige ann, is pingíní beaga airgid.

¹ .i., an t-athair críonna.

² l.s. 'bhíodh'

9. *Chualathas capall ag siúl istóche*

[?].6.44

CBÉ, 936: 419-420

Fiche bliain ó shin, bhí láir chapaill anso thíos againn. Chuas amach, agus shuíos amuigh tamall go dtabharfainn isteach í á mbeadh aon ghuairneán uirthi. Bhí stoílín amuigh sa stábla agam a bhíodh ag crú na mba, is ní raibh aon deabhadh isteach orm, mé ag tarrac mo phípe. Bhí an chuid eile imithe a chodladh, ach é sin a ghaibh amach¹, ghlaoigh sé uirthi seo². Dúirt sé go raibh rud éigin ar an gcapall go rabhas á máirseáil siar is aniar an bóithrín. D'éirigh sí seo agus do chuala sí an capall á máirseáil siar is aniar an bóithrín. Chuaigh sí amach go tig na mba, agus do chonaic sí mise istigh. Bhí coinneal lasta agamsa. Níor labhair sí aon fhocal ach dul isteach aríst. Ach nuair a thána-sa isteach, d'éachtraigh sí dhom nuair a chonaic sí ná raibh an capall agam. Ach d'fhiarthaigh sí dhíom an rabhas ag máirseáil an chapaill ar fuaid an bhóithrín. Dúrt léithi ná rabhas. Ghaibheas amach aríst, agus do chuardaíos an bóithrín sall amach féachaint an raibh aon chapall ón mbaile ann. Ní fheaca aon chapall, ach [leis] an gcaint a dúradar liom. D'imíos amach, is thugas isteach an capall. Cheanglaíos istigh sa tig í. Do chuas a chodladh. Bhí na garsúin ina gcodladh insa *tsettle*. Ní rabhas ach sínte insa leabaidh nuair a scread duine acu go raibh an capall breoite. Chuireas orm mo threabhsar, ach ní rabhas ach tagaithe aníos nuair a bhí sí beartha. Mara mbeadh an capall a chlos ar fuad an bhóithrín, d'fhágfainnse amuigh í, mar ná feaca aon dealramh uirthi ach í ina codladh. Ach tá samhluithe éigin ann.

¹ Mac leis an gCrimhthanach a bhí pósta sa teach, dar le fo-nóta ó SÓD.

² Ar Margaret, bean chéile an Chrimhthanaigh a ghlaoigh sé, dar le fo-nóta ón gCrimhthanach.

10. *Searrach go raibh dhá láir á leanúint*

[?].11.44

CBÉ, 966: 42

Níl aon teora leis an ngéaraíocht a bhíonn i gcuid dos na daoine. Rug dhá láir chapail istigh i sliabh aon oíche amháin. Chuaigh ceann dos na searraigh i bpoll, agus bád é. Bhí an dá láir timpeall ar an searrach a bhí ina bheathaidh, is níorbh f[h]éidir a dhéanamh amach ciacu acu gur leis an searrach. Ghaibh fear siúil an bóthar – bhí an sliabh in aice an bhóthair, agus d’fhiarthaigh sé cad a bhí orthu san. Niseadh do.

“Socróds é,” arsa é sin, “más maith libh é.”

“B’fhearr linn,” arsa iad san, “go bhféadfadh duine éigint é a shocrú.”

“Á mbeadh aon fhear maith,” arsa é sin, “a dh’fhéadfadh breith ar an searrach, agus é a dh’ardú leis isteach i bpoll portaigh,” arsa é sin, “leanfaidh máthair an tsearraigh é,” arsa é sin.

Bhí fear maith insan am san ann. Rug sé ar an searrach, is do rug sé isteach ’on pholl é. Ní túisce a bhí sé istigh ná bhí ceann dos na capaill ina dhiaidh, is d’fhan an ceann eile ag *wheeláil* in airde.

“Is ea, mholais-se an searrach di sin,” arsa an fear siúil.

Ní fhéadfaidís é a shocrú go deo mara mbeadh an fear siúil¹.

An leanbh a thug an fiolar leis

Nár chualaís trácht thairis an leanbh a rug an fiolar leis, agus rug sé leis go dtí an nid é i bhfaill mhór fhiain? Ní fhéadfadh aon mháirnéalach dul ag triall air. Chuaigh máthair an linbh ann, agus do rug sí léithi an leanbh. N’fheadarsa ná gur i bhFaill na Binne Báine a thug sé é.

¹ Tá cosúlacht an-soiléir idir an chabhair a chuir an fear siúil ar fáil agus an moladh a dhein Sola sa scéal Bíobalta úd a bhfuil insint san eagrán seo ó Sheán Mac Criomhthain (CBÉ, 966: 44-46).

11. *An mar gheall ar an bpraisigh é a Shíle?*¹

[?].10.46

CBÉ, 982: 270-271

Ar chualaís gur labhair cat riamh? Labhair cat theas ar an nGarrán fadó. Bean a bhí istigh. Bhí pairseach déanta aici, is bhí an phairseach thíos ar an ndresser ag fuarú faid is bheadh na prátaí ag beiriú. Chuaigh an cat in airde ar an ndresser, ag gabháilt don bpairseach, agus d'fhógair sé ar an gcat. Tháinig an cat anuas, agus d'fhéach sé go cruinn uirthi. Thug sé fé an tarna huair. Rug sí ar fhód móna. D'fhógair sí ar an gcat agus ar linn don gcat teacht anuas, thug sí fé leis an bhfód móna, agus d'fhéach an cait go cruinn aníos uirthi.

“An mar gheall ar an bpraisigh é a Shíle?” arsa é sin.

D'éirigh sí, agus d'éalaigh sí léi amach go tapaidh. Do bhain sí an gort amach mar a raibh na fearaibh ag obair. D'eachtraigh sí dhóibh cad a dúirt an cat. Thugadar leo na hairm a bhí acu. Mharaíodar an cat. Chuala ná raibh aon fhocal bréige ansan.

¹ Bhí sé seo bailithe ag an Dálach in CBÉ, 966: 562-563 chomh maith. Bhí sé bailithe ag Seán Ó Dubhda roimhe sin agus ina dhiaidh sin faoin teideal ‘An cat a labhair’ (CBÉ, 121: 545; CBÉ, 1715: 243), teideal a thugtar ar leagan Pheig Séars den scéal in *Labharfad le Cách* ach amháin gur ‘Siobhán’ an té gur labhair an cat léi i leagan Pheig: “ach bhí sé mar sheanfhocal i mbéal na ndaoine ó shin, ‘Mhuise, a Shiobhán, an mar gheall ar an bpraisigh a bhuailis mé?’” (Almqvist agus Ó hÉalaí, 2009: 82).

12. *Buachaill bocht a cheannaigh cat*¹

29.7.45

CBÉ, 968: 495-499

Bhí lánú bocht fadó ann. Ní raibh acu ach aon gharsúinín amháin. Do bhuaileadar breoite, agus do cailleadh iad. Nuair a cuireadh an duine deireanach acu, níor thug an garsúinín aghaidh ar a dtig níos mó. D'imigh sé air. Bhí sé ag siúl roimis go gcuaigh sé isteach i mbaile mór. Bhí sé ag siúl na sráide, agus ní raibh éinne ag déanamh aon fhóirithint air. Bhí sé ar feadh na hoíche síos is suas an tsráid. Ba mhór an ní leis cuileachta na dtithe a bheith aige, ach siar san oíche nuair a bhí gach éinne imithe a chodladh, do bhuail an tuirse é, agus do chuaigh sé go dtí béal doiris, agus do bhuail sé a dhrom leis an ndoras, é suite. Do thit a chodladh air, agus ar maidin nuair a dh'oscail an cailín an doras, do thit sé isteach. Thóg sí suas é, agus bhí sé leata leis an bhfuacht. Thug sé isteach é. Do chuaigh sí go dtí an máistir. Nis sí dho go mbuail a leithéid sin do gharsúinín léi ina chodladh sa doras, agus go raibh sé leata.

“Téigh é,” arsa an máistir, “agus tabhair bia le n-ithe dho.”

Do dhein. Do thug sí bia dho, ach nuair a dh'éirigh fear an tí, do cheistigh sé an garsúinín. D'eachtraigh an garsúinín gur cailleadh a athair agus a mháthair go mb'fhearr leis imeacht in aon áit ná aghaidh a thabhairt ar an dtig. Ceannaí ab ea fear an tí sin a bhíodh ag imeacht chun na farraige, agus ártach aige.

“B'fhearra dhuit,” arsa na seirbhísigh, “é a chinneáilt, agus déanfaidh sé na muca, agus gach aon ní thiar sa yard.”

Chinnibh sé an garsúinín, agus do fuair sé seomra é féin. Ní raibh aon easpa bídh air, ach cad é an mhaith sin – bhí sé ina sheó bóthair age francaigh. Fuair sé dhá thistiún ó dhuine éigin. Chuaigh sé amach ar an sráid lá, agus do bhuail fear bocht leis, agus cat féna ascaill aige.

“Ag díol an chait athánn tú?” arsa é sin leis an bhfear bocht.

¹ c.f. ATU 1651. Scéal idirnáisiúnta béaloidis é seo a cuireadh i gcló ar dtús sa bhliain 1604 mar chuid de leagan drámatúil dar theideal *The History of Richard Whittington, of his lowe byrth* (Wheatley, 1885: viii), ach a luaitear le Peirs an tríú haois déag in ATU.

“Is ea,” arsa an fear bocht.

“Cad atá bhuit air?” arsa é sin.

“Scilling,” arsa an fear bocht.

“Níl agam ach dhá thistiún,” arsa é sin, “agus dá mbeadh scilling agam, do gheobhfá í. Táim im sheó bóthair age francaigh.”

D'eachtraigh sé dho ar a thrioblóidí.

“Mhuise, bíodh sé agat a gharsúinín bheag,” arsa an fear bocht, “ní fada go mbeidh puiscíní aige, agus beidh do dhóthain cainte ansan agat.”

Thug sé leis isteach an cat, agus do thug sé aire mhaith dhon gcat. Is gearr go raibh na francaigh á dhígiú ag an gcat, ná raibh aon fhrancach timpeall, agus níorbh fhada¹ go raibh trí cinn do phuiscíní aige. Do fuaireadar aire, agus deirim leat nár bádh aon cheann acu. Bhíodar éirithe anuas ina gcait, agus d'imigh an ceannaí fé mar a raghadh sé go Sasana nó go dtí áit éigint nár é, agus an tig go raibh sé ar lóistín, tig ceannaí eile ab ea é sin. Nuair a cuireadh an suipéar ar an mbord, chaith fear fuip a dh'fháilt ag coinneáilt francaigh ón mbord.

“Tánn tú id sheó ages na francaigh sin,” arsa ceannaí na hÉireann.

“Táim,” arsa é sin.

“Nách láidir ná faigheann tú cat,” arsa ceannaí na hÉireann.

N’fheadair sé cad é an rud cat.

“Nuair a thiocfadsa aríst,” arsa é sin, “tabharfaidh mé ainmhí chughat a shocróidh leo san.”

Tháinig sé abhaile, agus bhí an Nollaig ag déanamh orthu. Nuair a bhí sé ag imeacht, d’fhiarthaigh sé dos na seirbhísigh an raibh aon *phresent* acu a scaoilfidís go dtí ceannaí Shasana. Thug gach éinne a cheann féin do.

“N’fheadar an mbeadh éinní age fear na gcairde,” arsa é sin.

Glaodh ar f[h]ear na gcairde.

“An mbeadh éinní agat a scaoilfeá ’dtína leithéid seo,” arsa é sin.

¹ l.s. “níor fada”

“Níl éinní agamsa a scaoilfinn chuige mara mbéarfá ceann dos na cait leat.”

Is fada a bheadh an ceannaí gan aon chat mara mbeadh san.

“Dhera, ’on diad go bhfuil an ceart agat,” arsa é sin, “an dtabharfá dhá cheann acu dhom.”

“Tabharfaidh mé,” arsa é sin.

Cuireadh isteach i mbosca an dá chat, is d'ardaigh sé iad, agus do bhain sé amach ceannaí Shasana.

Nuair a cuireadh an suipéar ar an mbord, d'éirigh fear fuipe.

“Suigh ansan,” arsa é sin.

Is gearr go raibh na francaigh chúthu. Scaoil sé amach an dá chat, agus ní fheacaigh éinne riamh aon spórt go dtí a bheith ag féachaint ar an dá chat ag treascart na bhfrancach. Bhí uafás orthu. Ní fheacadar a leithéidí riamh. Ach nuair a bhí sé ag teacht, d'eachtraigh sé dho cheannaí Shasana mar gheall ar an ngarsúinín gur aige a bhí na cait. An bosca gur chuaigh na cait sall, do cuireadh ualach mór óir agus airgid isteach ann le tabhairt don ngarsúinín. Do thug sé abhaile é go dtí an ngarsún, agus do chuir sé an garsún go maith, agus d'ardaigh sé leis ’on bhanc é, agus do chuir sé an t-airgead ar fad isteach in ainm ’on bhanc. Do thóg sé as an ngeaird ar fad é, is chuir sé ar scoil é. Bhí an garsúinín ina dhuine shaibhir ar deireadh.

13. *Ciacu is géire dúchas nó múineadh?*

7.1.45

CBÉ, 967: 222-223

Chuaigh fear ó Éire go Sasana fadó, agus do bhí sé i dtig i Sasana. Ach nuair a bhí an oíche ag teacht, d'fhiarthaigh fear Shasana dho ciacu ba ghéire, dúchas ná múineadh. Dúirt fear na hÉireann gur ghéire dúchas.

“Deirimse nách géire,” arsa fear Shasana.

Cuireadh suipéar ar an mbord. Do buaileadh dhá chat in airde ar an mbord, agus coinneal ages gach aon cheann acu á chimeád faid is a bhíodar ag ithe.

“Sin é an múineadh agat,” arsa fear Shasana.

“Tá sé go maith,” arsa fear na hÉireann, “ach chuirfinnse geall gur fearr an dúchas.

Tiocfadsa sara fada aríst, agus cuirfidh mé in úil duit,” arsa é sin, “gur fearr an dúchas.”

Do tháinig sé abhaile, agus do rug sé ar dhá luch ina mbeathaidh. Fuair sé dhá bhoiscín, agus do chuir sé ceann acu isteach ins gach boiscín. Nuair a chuaigh sé go Sasana aríst, do chuaigh sé sa tig chéanna, agus nuair a cuireadh suipéar ar an mbord, do cuireadh an dá chat in airde, agus coinneal ages gach aon cheann acu á chimeád. Do dhein fear na hÉireann an boiscín a dh'oscailt, agus an luch a scaoileadh síos an t-urlár, ach ní fheacadar in aon chor í sin. D'imigh sí. Ba mhaith an bhail air an ceann eile a bheith aige. Do scaoil sé amach an tarna ceann. Ní túisce san ná léim an dá chat anuas, agus seo i ndiaidh na luiche iad, agus dh'fhágadar na coinnele ina ndiaidh.

“Is ea anois,” arsa é sin, “ciacu is géire, dúchas ná múineadh.”

Fuair sé an lá air.

14. *An fhuiseog agus seanchas ar éin eile*¹

[?].1.49

CBÉ, 1150: 573-579

Nách neafaiseach an áit a dheineann an fhuiseog a nead. I gclais bheag nú i bpoll insa talamh. I móinéar nú i ngort coirce. Bhí nead fuiseoige fadó i ngort coirce, agus bhí gearrcaigh inti. Aon lá amháin, bhí sí imithe ag soláthar go dtís na gearrcaigh, agus tháinig an feirmeoir agus a mhac ag féachaint ar an gcoirce.

“Tá an coirce aibidh,” arsa an t-athair leis an mac, “agus raghaimíd, agus baileoimíd meitheal i gcomhair an lae amáirigh chun é a bhaint.”

Nuair a tháinig an fhuiseog abhaile tráthnona, d’fhiarthaigh sí dos na gearrcaigh ar ghaibh éinne an tslí ó dh’imigh sí. Dúirt na gearrcaigh gur ghaibh beirt, agus go ndúradar go raibh an coirce aibidh, agus go mbaileoidís cabhair i gcomhair an lae amáirigh.

“Is ea,” arsa an tseana-lady, “b’fhéidir go mbeadh tamall eile againn. Ní comh bog san cabhair a dh’fháilt.”

Chuathas ag lorg cabhair an oíche sin, is bhí a chúram fhéin ar gach éinne, níorbh fhéidir cabhair a dh’fháil. D’fhan mar sin go raibh seachtain caite. Chuaigh an feirmeoir agus a mhac ag féachaint ar an gcoirce amáireach².

“Is ea,” arsa é sin, “ní haon mhaith a bheith ag breith ar chabhair. Tá sé comh maith againn féin tabhairt fé amáireach, sara mbeidh sé silte.”

Nuair a tháinig an fhuiseog an tráthnóna san, bhí an scéal acu dhi go ndúradar go gcaithfidís sá chuige ar maidin amáireach.

“Tá sé comh maith againn a bheith sa tsiúl mar sin,” arsa í sin, “an té a bheidh ag brath ar chabhair, is fada a bheidh a chúram gan déanamh.”

Bhailíodar leo³.

¹ Tras-scríobhadh an méid seo seanchais in §17 | CBÉ, 966: 147-148, leis.

² .i., an lá dar gcionn.

³ c.f. ATU 93 mar a bhfuil an t-eolas seo a leanas le fáil: "a bird and her young have their nest in a field of grain. When

An spriodóg

Tá an sprideog ag bailiú anois. Tugann sí dhá ál amach. Thabharfadh sí an dá ál amach sa nead chéanna má ligfaí leo. Tá madra thuas i mbothán agamsa, agus níl aon lá ná tugaim bia chuige, agus beirim liom práta deas tirim, agus brúim é, agus buailim in airde ar an mbothán é, agus tagann an spriodógín, agus itheann sí é. Níl aon lá ná bíonn sí romham ann, agus bíonn a fhios aici an t-am. Tháinig lá ansan tamall ó shin nár fhéadas dul ann. Bhíos im shuí anso sa chathaoir tráthnóna, agus bhí an doras oscailthe isteach, agus cé a thiocfadh isteach ar an urlár, ach mo spriodógín.

An dreoilín

Agus fhéach, deirtear ná fuil aon nead dreoilín ná bíonn tais fliuch, agus ní fíor é, mar tá nead dreoilín ansan thuas i mbothán linne, istigh sa bhothán, agus tá sí tirim. Tá sé ráite go mbíonn nead an dreoilín tais toisc gur dhein sé an éagóir. Nuair a bhí rí á cheapadh ages na héanlaithe don éan is airde a raghadh sa spéir¹, chuaigh an dreoilín i bhfolach i gcleití an fhiolair, agus is é an fiolar is airde a chuaigh. *Chryáil* an fiolar ansan gurb é féin ab airde. Más ea, d'éirigh an dreoilín amach as chleití an fhiolair, agus chuaigh sé as a chionn, agus deineadh rí dhon ndreoilín, agus sin é éagóir a dhein sé, agus bhí sé ráite riamh ná raibh aon nead dreoilín tirim riamh ó shin. Dhéanfadh sí² a nead insan áit chéanna, á bhfágfaí ann é³. Bíonn suas le deich cinn d'uibhe aici. Ní bheidh aon ghluagar aici.

Dhá chorróig⁴ Chill Maolchéadair

Bhí dhá chorróig ar an mbaile seo. Tá trí nú ceathair do bhlíanaibh ó shin, agus cailleadh ceann acu, agus dhá lá tréis í a chailliúint, ní raibh aon fheiscint ar an gceann eile. Mheasamair gurbh amhla a cailleadh é. Bhí sé imithe ar feadh seachtaine nú coicís. Tháinig aríst, agus páirtí aige. Bhí nead acu

the farmer asks his neighbours to help with the harvest (the farmer's sons begin to harvest the field), the birds remain in their nest. They leave only when the farmer himself begins to harvest the field [J1031]".

¹ c.f. ATU 220, agus 220 A, agus is cineálacha iad seo atá áirithe in TIF leis.

² .i., "an dreoilín" – SÓD.

³ Thug nóta ó SÓD gur cheart gur 'í' a bheadh ann.

⁴ "Feannóg liath" – SÓD.

ina dhia' san, agus ní thiocfaidh aon chorp anso thíos¹ i gan fhios dóibh. Tiocfaidh siad ar an gcros² i gcónaí á fógairt, agus beidh siad ag priocadh na croise. Beidh gleo an domhain acu. Beidh siad ann, lá nú dhá lá roim ré, ag fógairt na sochraide.

Nách breá go mbeidh uibhe ag an gcorróg nuair is maith léi. Bhí nead aici anuiridh i gcrann anso thíos, agus coilleadh í, mar bíonn sí ag breith sicíní leo go dtís na gearraigh. Dhein sí nead thuas sa gairdíní i gcrann aríst, agus do bhí uibhe aici ann, agus coilleadh aríst é³. Dheineadar nead eile ansan ar chrann anso thiar age Coughlan, agus bhí uibhe inti, agus coilleadh í. Dheineadar nead eile ansan thall ar chrann sa ghleann thall, agus choill na hO'Donnells é. Is é an áit a chuadar ag obair ansan age bun na croise sa tSleamhaine anso thíos⁴, agus do dheineadar a nead. Dúirt gach éinne an chéad ghaoth a thiocfadh go mbeadh sí anuas. Imbriathar ná raibh, agus tugadh na gearraigh amach, agus tógadh iad, agus tá an nead ann fós. Nuair a thógaid siad na gearraigh, “bailídh libh as san.” Caithfidh na gearraigh bailiú lei.

An magpie agus an chorróg

Bhí nead *magpie* thuas sa gharraí fadó, agus chuir na corróga as iad, agus chuadar féin inti. D'imigh an dá *mhagpie*, agus i gcionn seachtaine, tháinig deich cinn do *mhagpies*. Bhailíodar ar an dá chorróg, agus níor fhágadar ribe clúimh orthu, agus d[h]eineadar nead ann. Bliain eile, bhíos á dtabhairt fé ndeara, thóg na *magpies* cheithre cinn do ghearraigh. Nuair a bhíodar tógtha, bhailíodar ar charraig ansan thiar, agus thugadar an lá thiar ann. Bliain eile, bhíos á dtabhairt fé ndeara. Thóg na *magpies* cheithre cinn do ghearraigh. Nuair a bhíodar tógtha, bhailíodar ar charraig ansan thiar, agus thugadar an lá thiar ann. Tráthnóna thiar, “bailídh libh anois.” Chuir na *magpies* óga dhóibh, agus tháinig an dá sheana-*magpie* go dtí an sean-áit aríst. Táid siad fós ann.

Bíonn caistíní aitinn anso suas insa chnoc.

¹ “i roilig Chill Maoilchéadair” – SÓD.

² “Cros an fhothraigh atá sa roilig” – SÓD.

³ “é” tríd síos aige, ach “í” ba cheart a bheith ann dar le nóta gach uair ó SÓD.

⁴ “insa bhfothraigh sa roilig” – SÓD.

Bhí smólach anso bliain, agus bhí bean anso ar an mbaile seo an uair sin, tá sí sa Daingean fós. Bean Khearney ón Oileán. Bhí sí beagáinín ait.

“Tá éan ansan thíos gach aon mhaidean agam, agus tá rud éigint le titeam amach,” a deireadh sí, “táim bodhar badaráltha aici, agus níl do phort gach aon lá aici ach “freedom, freedom, freedom,” agus ansan nuair a bhíonn sí cortha do san, deir sí, “fire at, fire at, fire at.”

An lon dubh

Na lonanna¹ dubha san. D’imídís as so i gcónaí nuair a thagadh an samhradh, agus anois, le trí nú ceathair do bliana, fanann siad anso.

Is minic a chuala dá ngearrfaí teanga *magpie* le píosa raoil, go mbeadh caint aige.

“Saol an ionmhair ages na fiolair.” Deir siad nách fios gadé an saol a gheobhadh an fiolar mara mbeadh go gcasann a ghob isteach in ucht, agus go bpollann an gob an t-ucht aige.

Na préacháin sa phóna

Bhí fear ann fadó, agus bhí garraí coirce curtha aige, agus bhí na préacháin ag déanamh a lán díobhála dho. Bh *grove* in aice leis mar a dtéadh na préacháin istoíche. D’imigh sé, agus d’fhógair sé na préacháin d’fhear an *grove*.

“Cuir ’on phóna iad,” arsa fear an *grove* leis.

Tháinig sé abhaile, agus fuair sé cúpla dorn gráinne, agus fhliuch sé an gráinne le pórtar. Bhuail sé amuigh sa gharraí iad, agus nuair a tháinig na préacháin, luíodar leis an ngráinne, agus chuir sé ar meisce iad insa tslí gur rug sé orthu, agus chuir sé ’on phóna iad, agus chuala gur fhuascail fear an *ghrove* iad.

¹ ‘loin’ an uimhir iolra de ghnáth dar ndóigh, c.f. an iontráil in FGB faoin gceannfhocal ‘lon’.

15. *An saighdiúir a bhí ina chodladh agus an peidhleacán | Caint na ngéann*

[?].6.44

CBÉ, 936: 431-433

Bhí dhá shaighdiúir ar teitheadh aon uair amháin, agus bhíodar tuirseach, agus do shíneadar siar cois abhann, agus do thit a chodladh ar dhuine acu. Bhí sé tamall ina chodladh nuair a chonaic an páirtí an tóir chuige. Rug sé air, agus bhí sé á chrothadh, agus ní fhéadfadh sé é a dhúiseacht. Bhí sé á chrothadh, is á chrothadh, is níorbh aon chabhair é, agus bhí an tóir ag déanamh air. Pé féachaint a thug sé, do chonaic sé an peidhleacán ar an dtaobh eile dhon abhainn, agus thagadh sé 'dtí lár na habhann, agus théadh sé sall aríst. Bhí sé ag féachaint air, agus b'ait leis é. Do thairrig sé chuige a chlaíomh insa deireadh, agus nuair a bhí an peidhleacán i lár na habhann, do shín sé an claíomh chuige, agus do stad sé ar an gclaíomh, agus do thug leis anall é, agus chuaigh sé as chionn an fhir a bhí ina chodladh, agus d'imigh sé as a radharc, agus do dhúisigh an páirtí láithreach, agus d'éirigh. Do thugadar na cosa leo. Is dócha gurb é a aingeal choinleachta an peidhleacán.

Tá trí áit ná leanann an t-aingeal coinleachta an duine: “Tig an óil, tig an cheoil, agus tig na himeartha.”

Bhí ceann eile acu thuaidh i gCill Chuáin ag déanamh leighis. Bhí m'athair ina leanbh an uair sin, agus bhí an triuch air, agus bhí sé an-olc léithi, agus ní raibh aon tsúil age éinne go mairfeadh sé, ach ar deireadh, agus gan puinn súil leis, do chuaigh a athair ó thuaidh chúichi a fhéachaint an raibh aon leigheas aige dho.

“Ní fhéadfainn éinní a dhéanamh inniubh do,” arsa í sin, “ach tair amáireach.”

“Ní bheidh sé ina bheathaidh amáireach,” arsa é sin.

“Ó beidh,” arsa í sin.

Lá arna mháireach, bhí sé níos measa.

“Ní fiú dhom dul ag triall ar aon leigheas do,” arsa é sin, “tá sé caillte.”

Bhí sé ag feitheamh ó neoimint go neoimint go dtairrigeodh sé an ineáil, agus insa deireadh, dh'imigh sé, agus faid a bhí aon radharc aige ar an dtig, bhí sé ag féachaint ina dhiaidh, a fhéachaint

an nglaofaí air, go raibh sé caillte. Chuaigh sé chúichi, agus bhí an luibh aici dho.

“Ní haon chabhair é,” arsa é sin, “beidh sé caillte romham nuair a raghad abhaile.”

“Ní bheidh,” arsa í sin.

“Ó beidh,” arsa é sin, “bhí sé an-olc nuair a fhágas an tig”

“Ná bac san,” arsa í sin.

Bhí an leabhar aici. Rug sí ar an leabhar¹.

“Dar an leabhar so,” arsa í sin, “beidh sé as chionn báis, agus is é áit a fuaireas an luibh seo,” arsa í sin, “thoir i bhFaill na Binne Báine. Cuir ag beiriú í seo dho nuair a raghair abhaile, agus tabhair do lé n-ól í.”

B'fhíor di. Mhair m'athair go raibh sé as chionn cheithre fichid.

Caint na ngéanna²

Nuair a bhíonn scata géanna ann, agus nuair a théann siad thar claí isteach i ngort coirce, dá mbeadh gé bhacach ann, ní fhéadfadh sí an claí a chuir di, agus bheadh na haon scréach aici.

“Cífeair sibh! Cífeair sibh! Cífeair sibh!” a deir sí.

Bíonn sí ag imeacht riamh ó choíche nó go dtéann sí féin isteach, agus luíonn sí leis an gcoirce.

Bíonn “coirce anso, so so so so so!” aici ansan.

Bhí máistir scoile ar an mbaile seo tamall ag múineadh anso i scoil na Sasanach. Ní mór an Ghaelainn a bhí aige, ach focail. Bhí Éire siúltha aige, agus dúirt sé liom gurb é Gaelainn a chuala sé fhéin ar *magpie* “maraodh an phota.”

1 i., an Bíobla.

2 l.s. 'ngéann'

16. *An dreoilín*

31.12.44

CBÉ, 967: 64-65

Do bhí an baile seo fadó, agus do bhí mórán Éireann caorach á ghoid ann. Níorbh fhéidir a dhéanamh amach cé a bhí á ngoid. Ach do bhí bean ar an mbaile, agus ní bhíodh aon phort aici ach “einíní an aeir go scéithfidh ar na bithiúnaigh.” Sin é an port a bhíodh aici. Ach do tháinig Lá an Dreoilín, agus imíodh i ndiaidh dreoilín. Is deacair dreoilín a dh’fheiscint Lá an Dreoilín. Ach d’imíodar ina diaidh, agus do chuaigh sé isteach i bpoll a bhí i ngarraí na mná a bhíodh ag guíochtaint, agus thógadar leac don bpoll. Do thógadar leac eile, agus is amhlaidh a bhí poll mór ann, agus lán do cheannaíocha caorach. Do bhailimh an baile¹. Ní fhéadfá iad a chomhaireamh gach a raibh do cheannaíocha caorach ann. D’aithin gach éinne ceann a chaorach fhéin. Nách deas a dhein éiníní an aeir scéachtaint ar na bithiúnaigh². Iad fhéin na bithiúnaigh.

Tá sé ráite ná féadfadh an dreoilín an nead a thiormú, agus do chonac-sa nead déanta aige³ agus do bhí sí tirim. Ní raibh aon dul aige ar aon bhraon ar teacht uirthi, ach is é an rud a bhí ráite gurb é an chiall ná féadann sé í a thiormú ar an éagóir a dhein sé nuair a chuir na héanlaithe geall lé chéile ciacu acu is airde a raghadh. D’éalaigh mo dhreoilín isteach fé sciathán an f[h]iolair, agus d’imíodar lé chéile, agus do chuaigh an fiolar go hard as a gcionn, agus do liúigh sé. Má liúigh, do phreab mo dhreoilín amach, agus do chuaigh sé as a chionn in airde. Agus liúigh sé fhéin gurbh é féin an rí⁴. Mar gheall ar an éagóir sin, deir siad ná fuil an nead tirim ó shin, ach chonacsá tirim í.

¹ l.s. ‘bhaile’

² Is í an abairt seo is ábhar do mhír a bhailigh Seán Ó Dubhda agus atá ar fáil faoin teideal ‘Éiníní an aeir go scéithfidh ar na bithiúnaigh’ in CBÉ, 1115: 116.

³ “Bhí an nead so déanta istigh fê dhíon botháin” – SÓD.

⁴ c.f. ATU 221 A agus ATU 221 B mar a luaitear MI A2233.3 leis an gcineál seo.

17. *Nead na fuiseoige sa choirce*¹

12.11.44

CBÉ, 966: 147-148

Chuala cur síos ar nead fuiseoige a bhí istigh i ngort coirce, agus bhí an feirmeoir lasmuigh, agus bhí na gearraigh istigh. Nuair a tháinig an fhuiseog abhaile, dh'fhiarthaigh sí dos na gearraigh an gcualadar éinní.

“Do chualamair,” arsa iad san, “tháinig beirt anso, agus dúradar go raibh an coirce aibidh go mbeadh sé comh maith acu meitheal a bhailiú i gcomhair an lae amáirigh chun a bheith ag baint.”

Chuathars ag lorg cabhraidh i gcomhair an lae amáirigh, agus má chuathars do bhí cúram éigint eile ar an muintir go gcuathars ag triall orthu. Lá arna mháireach, dúirt an fhuiseog leis na gearraigh a bheith ag féachaint amach. Níor tháinig éinne an lá san. Ach i gcionn seachtaine ina dhia' san, thánadar. Is ea, dh'fhiarthaigh an fhuiseóg dos na gearraigh an dtáinig éinne.

“Do tháinig,” arsa iad san, “is dúradar go raibh sé comh maith acu féin tosnú amáireach air, nárbh aon chabhair a bheith ag feitheamh lé cúnamh.”

“Tá sé comh maith againn a bheith ag imeacht mar sin,” arsa an fhuiseog.

D'ardaigh sí léithi iad.

“An té atá ag brath ar chúnamh daoine eile,” arsa é sin, “beidh a chúram tamall gan déanamh.”

Ciacu iontas ba mhó?

¹ Bailíodh an méid seo seanchais in §14 | CBÉ, 1070: 153-184, leis.

18. *Oíche fhuar Bhealtaine*

11.3.45

CBÉ, 967: 140-141

Bhí nead age fiach dubh fadó, agus aon ghearrcach amháin aige, agus do ghaibh seana-f[h]iolar críonna an tslí, agus do mhairbh sé an gearrcach. Do chuaigh sé féin sa nid. Bhí an fiach dubh ag tarrac chuige i gcónaí, ach aon oíche amháin, i gcaitheamh na haimsire, tháinig oíche an-fhuar um Bealtaine.

“Is fuar an oíche í,” arsa an fiach dubh.

“Á, cad é an dul atá aige ar oíche fhuar Bhealtaine a tháinig fadó¹,” arsa an fiolar.

“Dhera, a bhithiúnaigh,” arsa an fiach dubh, “is tú atá ann. Chuala gur mhairis, agus is tusa atá ansan.”

Ach d'fháisc sé chuige is níor fhág sé ribe clúimh air gan strolladh dho.

Nách fada a m[h]aireann fiolar. Maireann sé nó go dtéann a ghob isteach ina ucht.

¹ c.f. ATU agus TIF 1927 A Cold May Night.

19. *Amadáinín ag lorg amadán níos mó ná é féin*¹

[?].12.47

CBÉ, 1035: 176-179

Bhí duine uasal eile ann, agus bhí amadáinín aige. Bhí cána ag an nduine uasal, agus ní stadfaidh an t-amadáinín, ach ag féachaint ar an gcána. Bhí a fhios ag an nduine uasal go maith go raibh a croí istigh sa chána. Bhuail an duine uasal breoite agus fé chionn tamaill, ghlaoigh sé chuige ar an amadáinín.

“Ba mhaith leat,” arsa an duine uasal, “go bhfágfainn an cána so agat.”

“Ó, b’fhearr liom ná an domhan go léir é a dhuine uasail,” arsa an t-amadáinín.

“Tabharfaidh mé dhuit anois é,” arsa an duine uasal, “má dh’fhaigheann tú amadáinín níos mó ná tú féin.”

“N’fheadar cá bhfaighidh mé é sin,” arsa an t-amadáinín.

“Bí ag cuardach, agus b’fhéidir go bhfaighfeá é,” arsa an duine uasal.

I gcionn tamaill, bhí an duine uasal tugtha suas age dochtúirí, agus bhí gach éinne ag dul ar a thuairisc, ach ní raibh an t-amadáinín ag dul ar a thuairisc in aon chor. Dúirt duine éigin leis an amadáinín:

“Ná raghfá ar thuairisc do mháistir?” arsa é sin.

“Cail sé?” arsa an t-amadáinín.

“Tá sé sa leabaidh,” arsa é sin.

Chuaigh an t-amadáinín ar thuairisc an duine uasail.

“Cad atá ansan bhuait?” arsa an t-amadáinín.

“Ó táim chun a bheith ag imeacht as an áit seo,” arsa é sin.

“Ciacu is breátha, an áit athánn tú ag dul nó an áit seo?” arsa an t-amadáinín.

“N’fheadar,” arsa an duine uasal.

“An bhfeacaís roimis seo é?” arsa an t-amadáinín.

¹ Tá an píosa céanna seanchais le fail in §77 | CBÉ, 967: 201-203 ach an insint a bheith beagáinín difriúil.

“Ní fheaca,” arsa é sin.

“An gcuiris éinní romhat ann?” arsa an t-amadáinín.

“Níor chuireas,” arsa é sin, “agus n’fheadaraís an bhfuil éinní romhat?! Ní fheacaís riamh an áit?”

“Ní fheaca,” arsa an duine uasal.

“Is mú dho amadán tusa ná mise,” arsa é sin.

“Tá an ceart agat,” arsa an duine uasal.

Rug sé ar an gcána, agus shín sé chuige é.

An bheach chapail

Fada buí a bhíonn an bheach chapail. Ní dheineann sí a bhailiú dho mhil ach an méid a dheineann i rith an lae í. Deineann siad nead ar nós¹ an pháipéir. Bíonn siad ana-nimhneach.

Na seacht codlatánaigh

An bhféadfá na seacht codlatánaigh a ainmniú dhom?

Cuach, peidhleacán, tradhna, agus míol críonna,

mothagán, seangán, agus caistín fé chloich.

Tugann siad san an gheimhreadh ina gcodladh. Á raghfá go dtí port seangán anois, choróidís dá bpriocfaí iad, ach sin uile. Glaoid siad míola críonna ar mhíola corra. Tugann na mothagáin Meithimh an gheimhreadh ina gcodladh.

Slimidí

Slimidí an bhosca. Deir siad gur slimidí iad san nár chás duit a dh’ithe. Chloisinn go mbíodh mo mháthair chríonna á róstadh dho dhuine dos na *coastguards* fadó a bhí i mBaile na nGall.

Muisiriúin, nách draíochtúil na rudaí iad. Gheobhaidh tú trí áit inniubh ná beidh siad in aon chor ann, agus beidh siad ann ar maidin.

¹ l.s. ‘nús’

Bhí bó ana-bhreá age m’athair fadó. Bhíodh sí ag imeacht chun na gclathacha ar maidin i gcónaí. Faireadh í. Ag ithe slimidí a bhíodh sí. Díoladh láithreach í. Ní bheadh aon bhaint ag éinne lena cuid bainne. Chuala aon bhó a bheadh ag ithe úlla go dtriomódh sí. Bhí m’athair chríonna ag obair i Meirice fadó age feirmeoir, agus bhí bó ann, agus shiúlaíodh sí ar na húlla a bhí ag fás ann, agus ní fhanadh aon bhraon bainne aici.

Réiltíní

Peaidí Connor a bhí ar an mbaile seo, dúirt sé nár thit aon réiltín riamh. Dúirt m’athair go dtit, go bhfeaca sé féin é deireadh oíche sa tráigh ag titeam mar a bheadh cloch isteach sa bhfarraige, agus las an áit suas.

“Ó, chuala a leithéid,” arsa Connor.

Deannsupé, deannsupé,
deannsupé díreach,
croith do chos, bog do chos,
téanam ag rince.

Ionatsa a chonacsa,
maidean Luan Cásca,
eilit á cheangal,
agus eilit á cháthadh.
Carfhia mór ag déanamh an stáca,
agus dreoilíní teaspaigh á chaitheamh in airde.

Raeligh na Binne Báine

Ón dtaobh istigh de Thrá Lí a tháinig Raeligh na Binne Báine ar an mBinn Bháin, agus tá sé ráite nách ceart ort aistriú in aon chor. D'fhágadar an cat ina ndiaidh, agus ar maidin lá arna mháireach, bhí an cat sa doras, agus dhá phiscín aige. Nár mhór an triall do iad a leanúint.

20. *An daradaol agus an slándus*

[?].5.45

CBÉ, 968: 528-510

Táilliúir a bhí anso thiar, ghaibh sé suas lá Domhnaigh, agus chonaic sé daradaol ag gabháil do p[h]iast dhearg. Thug sé tamall maith ag gabháilt di, ach shocraigh sé sa deireadh léi. Nuair a bhí sí marbh aige, luigh sé chúichi á hithe, agus nuair a bhí tamall tabhartha aige á hithe, d'imigh sé go dtí tor slánduis a bhí tamall bhuaidh, is do bhain sé cúpla miotóg as an dtor slánduis aríst. Ach nuair a tháinig sé ag ithe na péiste aríst, tréis an tor slánduis, d'éalaigh an táilliúir suas le hais na bprátaí, agus do shín sé a lámh trasna, is do bhain sé an tor slánduis. Ní fada go n-imigh an daradaol féna dhéin, is ní raibh sé roimis. Bhí tiomáint an domhain air á chuardach, is bhí sé ag imeacht timpeall, ach ní fada gur tógadh, leis, is buaileadh ar chnámh an droma é, is d'fhan sé ansan¹.

¹ Tá an 'slándus' ar cheann de na luibheanna a thóg an Slánaitheoir ón mbás de réir mhóitíf A2711. c.f. 2.68.2. in Ó hÉalaí, 2012: 207. "Tá cógaisí frithbhaictéaracha agus fuiltriomaithe san luibh. Dheintí céirí a fadó a chuirte le créachta nó le dó, agus d'óltaí nó d'ití ullmhúcháin de na duilleoga mar phurgóid piast nó mar faoiseamh ar ghúta. Sa Bhlascaod, chogaintí "an bhileog" ar dtuis sara gcuirte leis an ngearradh nó leis an gcréacht í" (1998: 206). Bhí tagairt sa bhfoinse chéanna do CBÉ, 426: 91 a bailíodh i Scoil Chluain Chumhra, Lios Póil: "Slánlus – é a bhrú fé d'fhiacra nó idir dhá lic cloiche agus é a chur ar an gceá nó [ar] an ngearradh chun é a leigheas is é [a] chneasú chomh maith. Tá scéal ann a deir gurb é an slánlus a cuireadh le cneá Ár d'Tiarna."

21. *Seanchas ar mheacha*

[?].5.45

CBÉ, 968: 530-536

‘Síonán’ a thugaimse ar an dtig beag a bhíonn ages na meacha. Bíonn sé déanta le tuí. Deirimse féin iad. *Skip* a thugann daoine eile air. Bhí meacha age Sullivan ar an mbaile seo fadó, agus d’éiríodar. Dhá lá tréis iad a dh’imeacht, bhí m’athair theas ar an nGarrán, agus do bhuail meacha leis, agus do thug sé leis iad. Bhí liútar éadar age Sullivan gur leis féin iad. Chuaigh sé agus ghearán sé leis an sagart é, agus is é an dlí a leanann na meacha, á n-imeoidís bhuamsa, go raghaidís chughatsa, ní bheadh a bhac ort iad a chimeád mara mbeinnse ina ndiaidh. Ní bhfuair sé aon tsásamh ón sagart. Dé Domhnaigh a bhí chughainn, tháinig ceann¹ eile acu ar dtaobh amuigh dhon sáipéal, agus bhí na daoine scanraithe acu. Chonaic an sagart iad.

“Mhuise, mo ghraidhin é Criomhthain ón gCill,” arsa é sin, “ba mhór an trua a bheith ag gearán. Á mbeadh sé anso, ní bheadh sé ag teitheadh bhuathu.”

Is é an tslí a tógtar ceann acu, nuair a éiríonn na meacha, beidh an bhanríon ann, agus stadfaidh sí ar thor. Beidh ó cheann go ceann ag bailiú uirthi ansan go dtí go mbeidh amhlait² mhór meach ann. Á dtiocfá ansan agus síonán agat, agus an tor a ghearradh agus é a bhualadh isteach fén síonán, d’fhanfaidís insa tsíonán san. Ní bheadh a bhac ort an síonán a chuir in aon áit gur mhaith leat ansan nuair a thiocfaidh an oíche.

Tá an bhanríon fada ’o³ bhreis ar na meacha eile. Is í a bheireann na huibhe ar fad. Bíonn bithiúnaigh ar chuid acu a dh’fhanann istigh ag ól na meala. Sladaí sáithe a thugann siad ar cheann acu san, agus má dh’fhágann meach acu an chealg amuigh, maróidh na meacha eile í nuair a thiocfaidh sí abhaile, agus má thugann meach iasachta isteach, marófar í, agus nuair a marófar ceann mar sin istigh, tógann⁴ dhá mheach leothu an ceann marbh, agus béarfaid siad leo í san aer,

¹ Tugann SÓD le fios gur ‘sáithe’ a bhí i gceist ag an gCriomhthanach leis an méid seo.

² l.s. ‘aluit’

³ l.s. ‘a’. Leagan giorraithe de ‘dho’ atá i gceist.

⁴ l.s. ‘thógann’

agus béarfaid siad naoi nú deich do ramhainne¹ amach ón sionán í. Deir siad go bhfuil sé ámharch iad a bhualadh chughat. Deintear an mhil a bhailiú bhuathu timpeall na Samhan. Sin é an t-am is fearr mar beidh siad ag bailiú uirthi go dtí sin. Cuirimse siúicre leachta chúthu in ionad na meala. Braon bainne a chuir ar an siúicre agus é a leaghadh agus é a chimilt don sionán laistigh agus don maide a bheadh trasna. Deirtear gurb iad na rudaí óga a dh'imíonn. Deir daoine eile gurb iad na seana-rudaí.

Bhí baintreach ann fadó, agus bhí triúr mac aici. Bhí sí óg, láidir, agus d'aithin an triúr mac uirthi go raibh fonn pósta aríst uirthi.

“Tabharfadsa cead pósta dhuit,” arsa an mac críonna, “má bheireann tú ar thrí thradhna in aon lá amháin.”

Is í a bhí go sásta. D'imigh sí amach ar maidin lá arna mháireach, agus chuaigh sí isteach i móinéar. Chuala sí an tradhna. Seo tríd an móinéar í. Ní raibh do phort aici ach “níl bhuam ach dhá cheann is an ceann atá romham.” Thug sí an lá sa mhóinéar is ní raibh beartha ar aon cheann aici. Tháinig sí abhaile tráthnóna fliuch báite tuirseach, is ní raibh aon tradhna aici, agus ní raibh cead pósta aici.

‘Dálgas’ a thabharfá ar an ndua a bhíonn ar bhó a b[h]íonn a d'iarraidh breith.

Is mú bó caillthe age broinne dhearg. Bíonn uisce dearg acu. Tugtar *doseanna* dhóibh agus leigheasann sé iad. Bhí bó agamsa, agus tháinig boilg di. Bhí sí ar fad ataithe. Bheadh sí caillthe ar maidean mara mbeadh gur chuas ag féachaint orthu sa bhothán istoíche. Bhailíos an sop a bhí fúithi féna ceann agus chuireas pacaí anuas uirthi. Lasas an sop agus bhí an deatach ag dul féna súile. Is

¹ l.s. ‘raghainne’

gearr gur ghluais an t-uisce lena súile agus lena coincín. Shíl sí an scanradh uisce. Bhí sí comh caol is a bhí sí riamh ar maidin. Fuacht fé ndear é is dócha.

Ní raibh aon leigheas ar an gceathrú dhubh. Chuala go raibh gamhain age duine éigin i bParóiste Fionntrá, agus gur tháinig fear agus gur ghearraigh sé amach an paiste sin as, agus gur líon sé do gheas é, agus gur chuaigh sé i bhfeabhas. Is ar éigean a chreidfinn é. Is fuirist a aithint an cheathrú dhubh. Bíonn glór an ghabáiste ag an bpaiste sin, agus bíonn siad buacach.

An galar cam. Bíonn an t-ainmhí ag casadh timpeall leis. Clog uisce a thagann ar an dtaobh istigh don éadan fé ndear é. Dheineadh Johnny Neil Connor cuid acu a leigheas. Pholladh sé an t-éadan acu le tairne, agus má bheadh sé dhon¹ tseans air go mbrisfeadh sé an chlog, raghadh an t-ainmhí i bhfeabhas. Ar fhóisce is mú a thagann crithir olla. Thiocfadh agus ar athchaíora uaireanta. Níl aon leigheas air. Tagann crúibíneach ar uain. Bíonn a gcosa ana-thinn. San aiteann is mó a thagann sé orthu, ach thiocfadh sé ar uain a bheadh ar thalamh mín leis. Gheofá buidéal sa Daingean a leighisfeadh é.

Tagann léithuisce i gcaoirigh. Luibh is ea an léithuisce a bhíonn ag fás i dtalamh fliuch. Nuair a itheann siad í, tagann an t-anam ann istigh san ae, is cuireann sé chun báis iad. Ní thógann gabhar léithuisce in aon chor cé go n-itheann sé é, agus cuireann sé an planda chun báis. Na caoirigh go mbeadh sé tógtha acu, maireann siad i bhfad, ach iad a fhágaint san áit sin ach comh luath is a aistreofar iad, ní fada a mhairfidh siad.

Mhairbh m'athair gabhar turas, agus nuair a oscail sé air, bhí cnapán mór istigh ann, agus é comh cruaidh le cloich. Dochtúir Williams a bhí sa Daingean an uair sin, agus an chéad lá eile a bhí sé ag dul 'on Daingean a thug se chuige síos an cnapán. Nis sé dho conas a fuair sé é. D'fhéach an dochtúir air.

“An bhfágfair agam go ceann seachtaine é,” ar seisean, “agus beidh a fhios agam duit é.”

¹ l.s. ‘on’

“Chun é a fhágaint agat a thugas liom é,” arsa m’athair.

“Is ea, beidh cuntas agam duit an chéad lá eile air,” arsa é sin.

An chéad lá eile a chuaigh m’athair ’on Daingean, ní fheaca sé an dochtúir, ach chonaic sé an buachaill a bhí aige. D’fhiarthaigh m’athair do a raibh aon chuntas ag an ndochtúir do.

“Tá,” a dúirt sé, “ribe dá chuid clúimh féin a chuaigh i ngoile an ghabhair ar dtúis, agus bhí ag bailiú air i gcónaí, ag bailiú air nú go raibh se ina chnapán mhór, agus ní ghearrfadh an scian is fearr a bhí ag an ndochtúir é, agus ní fada eile a mhairfeadh an gabhar,” arsa é sin.

Tagann galar ar chaoirigh go dtugann siad galar trua air. Is é an áit is mó a thagann sé orthu in áit a bheidís ag ithe geamhair a bheadh in áit dóite ar an gcnoc. Ní dh’fhanann a dtuairisc ann. Muintir Bhaile an Lochaigh thuaidh, níor mhaith leo aon p[h]aiste a dhó ar an gcnoc.

22. *Rún díoltais ag eas*¹

[?].11.47

CBÉ, 982: 272-273

Bhí fear ar an mbaile seo fadó ag leagadh stáca turas. Léim an eas amach as a stáca. Thug sé chúichi leis an bpíce, agus níor mhairbh sé í. Thug sí na cosa léi. Bhí duinne críonna insa chúinne tráthnóna an lae chéanna. Ní raibh istigh ach é. Chonaic sé an eas ag gabháilt an tslí. Chonaic sé an eas ag gabháilt isteach, agus ag dul 'on tseomra. Ach dúirt sé leo go raibh an eas imithe 'on tseomra. Cuardaíodh an seomra, is ní bhfuairtheas aon phioc di. Ní raibh aon pholl aici chun dul. Dúrtas leis an seandúine gur dócha gurb amhla a ghaibh sí amach aríst. Dúirt sé ná féadfadh sí gabháilt amach i gan fhios do, agus nár ghaibh. Chuadar ag cuardach an éadaigh a bhí sa tseomra ansan. Is é an áit a fuarthas an eas thuas i dtreabhsar an bhuachalla. Do maraíodh. Ní bhfuair sí aon tseans ar theacht amach. Nuair a braitheadh istigh ann í, múchadh í. Ag faire ar dhul ina scornaigh a bhí sí is dealraitheach nuair a gheobhadh sí ina chodladh é.

¹ Tá leagan den eachtra seo ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 1115: 71.

23. *An eas agus an francach*¹

10.12.44

CBÉ, 966: 568-570

Bhí buachaill lá thuas i bpáirc cnoic. Chonaic sé eas, agus francach, agus iad ag comhrac. Chonaic sé go raibh an francach ag fáilt an lae ar an eas, agus níor mhaith leis é. Dhruid sé leo, agus níor chorraíodar bhuaidh ach iad ag comhrac leo. Bhuail sé cos ar an bhfrancach, agus d'iompaigh an francach timpeall, agus do rug sé ar lorga air. Do mhairbh sé an francach. D'imigh an eas bhuaidh. Tháinig sé abhaile, agus lá arna mháireach, ní fhéadfadh sé corraí ag an bpian a bhí ina chois. Bhí sé mar sin, is ní fhéadfadh sé dul in aon áit. Bhí an chos briste amach aige. Ghaibh bean allthacht isteach lá chuige.

“Thá do chos ana-thinn,” arsa í sin.

“Thá mhuisse,” arsa é sin, “táim gan chodladh gan suan aici.”

“Níl aon leigheas lé fáilt di sin,” arsa í sin, “titfidh sí anuas díot mara ndéanfaidh tú rud ormsa. Á bhféadfá dul go dtí an áit go rabhadar san ag comhrac, an t-eas agus an francach, agus síneadh siar, agus ligeant ort a bheith id chodladh, agus ná tagadh aon líonrith ort má chionn tú an eas ag teacht. Ní baol duit í.”

Do dhein sé rud uirthi, agus chuaigh sé ann, agus do shín sé siar. Níorbh fhada go bhfaca sé an eas ag teacht. Bhí an lorga nochtaithe aige. Do tháinig an eas, agus phrioc sí amach gach a raibh istigh sa lorga, sa ghearradh a bhí sa lorga, agus do chimil sí a teanga mórdtimpeall laistigh don ngearradh, agus do bhailimh léithi ansan go mall. D'éirigh sé aniar ansan, agus do bhí sé ábalta ar shiúl abhaile. Bhí sé ag dul i bhfeabhas gach aon lá, is i gcionn seachtaine, bhí a choisíocht aige comh maith agus a bhí riamh. Bhí sé caillthe mara mbeadh an bhean allthach a ghaibh isteach chuige.

¹ c.f. TIF 168: Weasel repays kindness by healing rat-bite, cé nár áiríodh ann insint seo an Chriomhthanaigh.

24. *Francach i gcloigeann an duine mhairbh*

7.1.45

CBÉ, 967: 282

Bhí tig ar an mbaile seo fadó, agus tháinig cloigeann duine mhairbh isteach ann, agus bhí sé ag imeacht ar fuaid an tí. Ní mór ná gur thit a raibh istigh, ach bhí fear misnigh éigint a chuaigh chuige, agus d'fhéach air, agus is amhla a bhí francach istigh ann, agus é ag siúl ar fuaid an tí.

B'shin scéal fíor.

Oíche na dtrí ríthe

Tá sé ráite go ndeineann fíon don uisce Oíche na dTrí Ríthe. Bhí beirt chailíní ann, agus do chuadar araon in airde lé tobar oíche go mbeadh a fhios acu an ndéanfadh fíon do. Bhíodar ag blas an uisce go mion minic, ach ar maidin lá arna mháireach, ní raibh pioc dhóibh lé fáilt ná ó shin.

25. *An francach a thug na prátaí go dtí an lánú bhocht*

7.1.45

CBÉ, 967: 183-184

Bhí fear bocht ann fadó, agus ní raibh aon tslí bheatha aige. Bhí an saol an-olc. Bhí sé ar feadh dhá lá gan aon ghreim a dh'ithe, ach an tarna lá, do bhí a bhean istigh, agus ní stadadh sí ach ag paidreoireacht, agus ag iarraidh cúnamh ar Dhia, míle buíochas leis, agus siar i meán an lae, do bhuail an francach isteach, agus práta ina bhéal aige, agus chuir sé i lár an urláir é, agus d'imigh, agus níorbh fhada go raibh sé chúichi, agus práta eile aige. Ach fé cheann uair a chloig, do bhí níosa mhó ná leathchloch prátaí tugtha ag an bhfrancach leis. Shuigh sé síos ar an urlár ansan tamall, agus do bhailimh leis. Phrioc sí suas na prátaí, agus do bhíodar beirithe roimhena fear ach a dtáinig sé abhaile. D'fhiarthaigh sé dho cá bhfuair sí iad. Níor thug sí cuntas do, agus bhí díthchéille uirthi.

Lá arna mháireach, do bhuail an francach isteach chúichi, agus *sovereign* ina bhéal aige, agus is chuir sé i lár an urláir é. Do phrioc sí suas é, agus do chuaigh sí ansan, agus do cheannaigh sí bia, agus bhí iontas ar a fear tráthnóna cá bhfuair sí é. Ní thabharfadh sí aon chuntas do. I gcionn trí lá aríst, tháinig sé, agus *sovereign* eile aige. Níl aon trí lá ná go dtagadh sé, agus *sovereign* aige, an francach. Ach tháinig sé lá Domhnaigh, agus é ag gabháilt amach an doras, do bhí an fear ag teacht 'on aifreann. Do tharrig sé lé lascadh 'o thruip air, is mhairbh sé é.

“Go mbaine Dia lúth do ghéag díot,” arsa í sin, agus ba mheasa í fhéin nár thug cuntas do, mar dá mbeadh a fhios aige, ní mharódh.

26. *Fear meallta na bhfrancach*¹

7.1.45

CBÉ, 967: 213-215

Tháinig ártach isteach go dtí cé an Daingin fadó, agus do tháinig an captaen amach asti. Do tháinig sé aníos go ceann an ché, agus chuaigh sé isteach i dtig ósta a bhí ann. Dúirt sé lé fear an tí ósta go gcaithfeadh sé an t-ártach a dh'fhágaint.

“Canathaobh?” arsa fear an tí ósta.

“Age francaigh²,” arsa é sin, “ní fheacaigh éinne riamh aon radharc ach a bhfuil do fhrancaigh ann.”

“Tá fear insan áit seo,” arsa fear an tí ósta, “a thógfadh bhuait iad san.”

“An bhfuil?” arsa an captaen.

“Tá,” arsa é sin.

“Is maith a thabharfainn a phá dho,” arsa é sin, “dá ndéanfadh.”

Do chuir fear an tí ósta teachtaire go dtí fear na bhfrancach, agus do tháinig sé.

“Deir sé seo liom,” arsa an captaen, “go bhféadfá na francaigh a thógaint as an ártach.”

“D'fhéadfainn,” arsa é sin.

“Dhíolfainnse do phá go maith leat dá ndéanfa,” arsa an captaen.

Chuardar síos go dtí an t-ártach, agus do labhair fear na bhfrancach, agus níorbh fhada go raibh scata francaigh amach ar an gcé chuige. Bhí an cé lán do fhrancaigh timpeall air. Ghlaigh sé arís.

“Ní foláir,” arsa an captaen, “nó tá deireadh amuigh.”

“Tá ceann istigh fós,” arsa é sin.

I gcionn tamaill mhór, do bhuail seana-cheann liath aníos chuige, agus do tháinig amach. Chuir sé lámh ina phóca, is do thairrig sé rásúr amach chuige.

“Gearraigh do mhuineál anois,” arsa é sin leis an bhfrancach.

¹ Bhailigh Seán Ó Dubhda leaganacha eile den eachtra seo, agus iad seo le fáil i CBÉ, 121; 537-54 agus CBÉ, 1715: 239-240

² .i., “mar gheall ar fhrancaigh”

Do bhuail an francach an muineál anuas ar an rásúr, agus chaith sé an ceann do.

“Is ea,” arsa an captaen, “is tú an diabhal.”

“Ní mé,” arsa é sin, “mar ní dheineann an diabhal aon mhaitheas d’éinne, nó má tá eagla ort roimis an ndiabhal, scaoilfidh mé isteach aríst iad.”

“Ó, tóg bhuam iad,” arsa an captaen, “agus díolfadsa do phá go maith leat.”

Thug sé níos mó ná a phá dho. Bhuail sé an cé aníos leo, agus iad roimis amach, agus ina dhiaidh aniar, ag damhas. Bhí an cé lán dóibh. Thóg sé leis iad. N’fheadair éinne cár stad sé leo. Chuir sé i dtaobh éigint eile iad, ach ní fhéadfadh sé iad a chuir in aon áit gan bia a bheith rompu. Is ea.

27. *Flúirse francach*

7.1.45

CBÉ, 967: 216-217

Do bhí fear ar an mbaile seo fadó, agus do líon a thig suas do fhrancaigh. Bhí sé ina sheó bóthair acu. Chaitheadh sé fuip a bheith insa leabaidh aige istoíche chun iad a chinneáilt bhuaidh. Ach ag déanamh isteach ar Bhealtaine, bhí an iothla ar fad ite aige ach aon stáca amháin, agus chíféá an stáca ar bailchrith age francaigh. Fuair sé líontán, agus do chuir sé timpeall ar a stáca é, agus chuaigh sé in airde ar an stáca, agus do bhí sé ag dul ar lár ann. Bhí francaigh ag imeacht ag dul ceangailte sa líontán, agus do greamaíodh gach aon cheann acu, ach aon cheann amháin. Níl aon chath ná go dtagann duine éigint saor as¹. Do fágadh in aon chlais amháin ansan iad. Do bhí m'athair ar an bportach, agus nuair a tháinig sé, do fuair sé scéala ar na francaigh. Do fágadh ansan iad go gcífeadh sé iad. An dtabharfá aon tuairim an mó francach a bhí ann? Bhí naoi bhfichid francach. Ba dheas an bailiú é.

Bhí fear, bhí aithne mhaith agam fhéin air, agus do chonaic sé scata francach maidean ag éirí amach, agus do chonaic sé francach acu, agus francach eile ar gach taobh do, agus sop ina bhéal, agus iad á ghiallaíocht go dtí an uisce. Bhí sé ina dhall.

¹ Is féidir comparáid a dhéanamh anseo le rud a dúirt máthair an Chriomhthanaigh agus í ag impí ar Sheán Mór gan dul ar aon sochraid: “níl aon chomhairí ná go mbeirtear duine as”, a dúirt sí leis, (§380 | CBÉ, 979: 150-152).

28. Máthair linbh agus francach

[?].10.47

CBÉ, 982: 297-298

Bhí bean ann, máthair linbh ab ea í, agus níl aon oíche ná tagadh an francach ag ól an chín, agus ní chuireadh sé aon fhocal leis inti, ach bhí sí scanraithe aige. Chualaigh driotháir di é. Bhí sé tamall ó bhaile. Chuala sé an scéal. Do tháinig sé, is chuir sé tuairisc uirthi. Dúirt sí ná raibh aon oíche ná tagadh sé, is go raibh sí scanraithe aige.

“Sínfeadsa in aice leat anocht,” arsa é sin, “agus san am agus go dtiocfaidh sé,” arsa é sin, “ná labhair aon fhocal, ach amháin prioc mé.”

Shín sé in aice léi, agus nuair a chuaigh an francach ag ól, phrioc sí é. Thug sé aon iarracht amháin, agus rug sé air. Thacht sé é. Chuala ná raibh aon fhocal bréige ansan. Timpeall na háite seo a thit sé amach. Chuala fadó nuair a bheadh *leak* in ártach go bhfágfadh na francaigh í chomh luath agus a bhuaileadh sí port.

Bhí sé anso thíos ar an Muirígh, agus chonaic sé scata francach ag éirí amach as fothrach a bhí ann, ag dul ag ól uisce síos dó an abhainn, agus ní fada gur ghaibh francach eile amach, agus francach ar gach taobh do, agus sop fada ina bhéal, agus greim ag an dá francach ar gach ceann don sop, agus rugadar leo go dtí an uisce é, agus thar'n ais. Dhein sé amach gurb amhla a bhí an francach eile caoch.

29. *Cleas chun luch a mharú*

[?].7.45

CBÉ, 977: 260-261

Fadó a bhí m'athair thíos ar Thaobh an Chnoic. Bhíodar suite, is ghaibh Jim Ruairc fear m'áintín isteach. Bhí poll mór¹ adharta ann. Níorbh fhada gur tháinig luch amach 'dtí béal an phoill.

“Go maraí an diabhal thusa mar luch,” arsa é sin, “táim clipthe cráite agat. An áit a chuirim mo stocaí ag tiormú,” arsa é sin, “táid siad ite aici, polltha, gearrtha.”

“Ná béarfá uirthi,” arsa m'athair leis.

“Conas a bhéarfainn uirthi?” arsa é sin.

“Má dh'fhaigheann tú ceann pípe domhsa,” arsa m'athair, “cuirfidh mé fé bhabhla isteach ar phláta í.”

Chuardaigh sé an tig, is ní fhéad sé aon phíp a dh'fháil. Chaith sé an ceann dá phíp fhéin le saint greim a dh'fháilt ar an luch. Ní raibh poll an adhartha comh caoch leis an bpoll athá anso dréir dhealraimh is a rá² gur chuaigh pláta isteach ann, agus babhla. Chuir sé blúire aráin isteach i gceann na pípe, agus do bhuail sé fén mbabhla é. D'imigh sé amach ansan. Thug sé tamall sara dtáinig sé isteach.

“Is ea,” arsa é sin nuair atháing sé isteach, “an gcuaigh an luch 'on bhabhla ó shin?”

“Do chuaigh an luch 'on bhabhla,” arsa é sin, “is má chuaigh nuair a thógas-sa in airde an babhla,” arsa é sin, “d'imigh sí bhuam.”

Á mba mhaith leis í a dh'fhágaint sa bhabhla go dtiocfadh an fear eile isteach, ní dh'imeodh sí bhuaidh.

Cad a dhéanfaidh sé léi?

Braon uisce bheirithe a chaitheamh isteach 'on bhabhla nú faobhar an bhabhla a thógaint in airde, agus fanacht go gcuirfeadh sí a soc amach, agus luí uirthi.

¹ l.s. 'mor'

² l..s 'reá'

30. *An bhean chabhartha agus an fhrog*

[?].11.44

CBÉ, 966: 53-54

Bean chabhartha, bhuail an frog léithi lá a bhí sí fhéin is bean eile ag gabháilt an bhóthair. Bhuail frog léithi ar thaobh an bhóthair. D'fhéach sí ar an bhfrog. Bhí bolg mór ar an bhfrog. Arsa í sin:

“Ní fada go dteastóidh mo chúnamhsa bhuitse.”

D'imíodar, agus i lár na hoíche, tháinig glaoch uirthi. D'éirigh sí, is chuaigh sí amach. Bhí fear capall iallaite amuigh. Dúirt sé léi teacht ar a chúlaibh. Chuaigh is thiomáin sé leis an capall trí sceacha, agus trí ainnise, is rug sé go dtí tig í.

“Tair anuas,” arsa é sin, “is téir isteach ansan.”

Chuaigh. Bhí bean bhreuite istigh, agus níorbh fhada gur saolaíodh leanbh di.

“Is ea,” arsa í sin, “ba cheart duit gach aon rud a scaoileadh tharat,” arsa í sin, “níor ghá dhuit teacht anso,” arsa í sin, “mara mbeadh tú féin. Dúirís inné,” arsa í sin, “nách fada go dteastódh do chúnamh bhuamsa. Bailimh leat anois,” arsa í sin, “is scaoil tharat gach éinní an chuid eile dhod shaol.”

Daoine fé dhraíocht is ea na froig. Níor mhaith liom riamh nuair a bheinn ag spealadóireacht éinní a dhéanamh leis an bhfrog, agus chinn daoine eile a bhíodh a d'iarraidh an speal a scaoileadh orthu.

31. *Seanchas ar an earc luachra*

18.2.45

CBÉ, 967: 487-489

Do bhí buachaill agus cailín san áit seo fadó. Do bhíodar ana-mhór lé chéile. Ach do bhí cailín i mbun bha lá, agus d'imigh an buachaill féna déin go mbeadh tamall cainte aige léi. Nuair a chuaigh sé go dtí an gclaí, do bhí sí ar an dtaobh eile don chlaí, agus í ina codladh. Stad sé ag an gclaí. Níor mhaith leis í a dhúiseacht. Deir siad nách maith é duine a bheadh ina chodladh amuigh a dhúiseacht. Do lig sé dhi, is bhí sé ag féachaint uirthi. Níorbh fhada go bhfaca sé an earc luachra ag dul isteach ina béal. Chroith sí í féin. Sin ar dhein sí. Do phreab sé thar claí go tapaidh, agus bhí bó i mbéalbheartha. Bhain sé dho a hata. Do chrúigh sé an bhó isteach sa hata, agus do tháinig sé chúichi, agus d'oscail sé a béal, agus scaoil sé an mhaothal siar ina béal. Léim sí is scread sí.

“Á,” arsa í sin, “is beag a shíleas go ndéanfá aon díobháil dom.”

“Tá an díobháil déanta dhuit,” arsa é sin.

Chas a haigne. Seo ag cur amach ansúd ina beathaidh í. Dá ráineodh léithi lonnú istigh aon tamall, bheadh *job* ar í a chur amach. Chuirfeadh sí chun báis í. Ba mhaith an phointeáil a dhein an buachaill.

Fadó nuair a bhí m'athair ina gharsúinín bheag, bhí sé fhéin agus a athair fhéin suas sa garraithe, agus do bhuail earc luachra leo, agus do mhairbh m'athair críonna í. Nuair a bhí sí marbh aige, do chuir sé iachall ar an ngarsún a theanga a chimilt don earc luachra. Do chimil. Bhí leigheas aige sin ar dhíobháil. Dá mbeadh sé ag gabháilt do neantóga go deo, ní chlogfadh aon cheann acu é. Chonacsa an méid sin mé féin. Bhí leanbh againn féin, agus thit sé ansan i gcúinne na tine. Chuaigh lámh leis isteach on tine. Do thógas é, agus do rith sé, agus do chimil sé a theanga dho, agus níor chlog aon phioc don lámh. Dá mbeadh sé ag baint neantóga go deo níor bhaol do.

Dá ndéanfá dhá leath do earc luachra, do raghadh sí ina chéile aríst. Do chonacsa é sin. Bhí m'athair

lá ag obair ansúd thuas, agus bhí driotháir críonna a bhí agam fhéin, bhí sé ina rud beag. Bhíodar suite tamall amach ón gclaí, agus níorbh fhada gur léim an earc luachra amach as an gclaí, agus thug sé fé dhul i mbéal an linbh. Níor dhein sí an bheart. D'imigh sí aríst agus do chuaigh sí go dtí an áit chéanna. Chonaiceadar í. Shocraíodh sí í fhéin ar chlaí a bhí amach as an gclaí, agus do thug fé aríst, is níor dhein an bheart. Ghaibh sí thimpeall aríst, agus bhí uncail agam fhéin. Do fuair sé an ramhann, agus do tháinig sé san áit go socraíodh sí í fhéin, agus chuir sé an ramhann as a cionn, agus le linn í a theacht air, dhein sé dhá leath dhi. Bhí fuadar maith chúichi.

32. *Ní ceart frog a mharú*

[?].11.44

CBÉ, 966: 51

Bhí claí ag gabháilt trí shliabh, claí mór leathan fód, is bhí seana-chosán ann. Bhí beirt bhuachaillí ag gabháilt trasna lá ann, bhí an cóngar ann, agus i bpaiste don gclaí, bhí leac chloiche.

“On diabhal,” arsa duine acu, “go n-iompóimid í seo. Ní foláir nú tá rud éigin thíos fúithi.”

“B’fhearr dhuit í a dh’fhágaint mar atá sí,” arsa an buachaill eile.

Is ea, chuaigh sé ag gabháilt don leac, is d’iompáigh sé í. Bhí frog thíos fén leac, an fhrog ba mhó a chonaic éinne riamh.

“Scaoil an leac anuas aríst,” arsa an buachaill eile leis.

“Ní dhéanfad,” arsa é sin.

Thóg sé an fhrog, agus fuair se córda mór fada, agus ghreamaigh sé ar a cois é, agus thug sé leis an fhrog. Cheangail sé in airde ar chliathán tí a bhí ar thaobh an bhóthair í.

“B’fhearra dhuit í a ghlacadh bog,” arsa an buachaill eile.

D’fhág sé ansan í, agus chuaigh sé abhaile, agus i lár na hoíche, d’imigh sé as a mheabhair.

Chuala gur scéal fíor ab ea é sin.

33. An giorria ag ól na mbó

3.12.44

CBÉ, 966: 431-432

Bhí Éire lán do dhraíocht fadó, deir siad, agus n'fheadarsa an bhfuil aon chuid do fós ann. Ach do bhí fear ar an mbaile seo, agus do bhíodh ghiorria ag teacht ag ól a bha. Dh'fhaigheadh sé cú. Níorbh aon chabhair do aon chú a bheith i ndiaidh an ghiorria. Bhí an giorria ag teacht na haon lá, agus bhí a bha laitithe aige. Ach dúirt duine éigint leis dá bhfaigheadh sé cú leathchinn duibh in aon áit go mb'fhéi' go ndéanfadh sí an talamh ar an ngiorria. Bhí sé ag cuardach go bhfuair sé cú leathchinn duibh, agus thug sé leis í. Bhí cuid mhór 'o dhaoine ag faire an lá san go gcífidís an fiach. Tháinig an giorrfhia, agus dhein sé fés na ba. Bhí garsún ina chuideachtain.

“Ó a mháthair, a mháthair,” arsa an garsún, “béarfar inniubh ort, tá cú an leathchinn duibh lé bheith id dhiaidh.”

Is é an áit a thug an giorria aghaidh ar Chathair Deargáin. Thug sé fé thig a bhí i gCathair Deargáin. Chuaigh sé isteach tríd an bhfuinneog. É ag dul sa bhfuinneog, do rug cú an leathchinn duibh thiar ar cheathrú dheiridh air, agus bhain sé lán a bhéil aisti. Lean an máistir iad, máistir na mba. Do chuaigh sé go dtí an dtig, agus do chnag sé an doras, agus ní hosclófaí dho. Bhris sé an doras isteach. Bhí beirt bhan istigh sa chúinne.

“An bhfeacúir an giorria?” arsa é sin.

“Ní fheacamair aon ghiorria,” arsa iad san.

“Tháinig an giorria anso isteach,” arsa é sin, “agus 'cheart do bheith istigh i dtaobh éigin.”

Chuardaigh sé an tig don ngiorria. Ní fheaca sé é. Rug sé ar cheann dos na mná, is thóg sé ina seasamh í. Is amhla a bhí log fola thíos fúithi tréis an giorria¹ a bhaint lán a bhéil as a ceathrúin.

“Is deas an cúram athá ort,” arsa é sin. “Má théann thú go dtís na ba aríst, socróidh mé leat,”

¹ “An giorria” a dúirt an scéalaí, ach chuir SÓD 'na con' isteach mar fho-nóta le soiléiriú gur ar an gcú a bhíothas ag caint.

arsa é sin, “ach bíodh leat anois¹.”

¹ Móitíf choitianta béaloidis atá sa scéal seo maidir le giorria a bheith ag tógaint crot mná c.f. MI: D315.5. Ón mbéaloideas gan dabht a fuair Pádraig Ua Maoileoin an casadh a chuir sé in úrscéal dá chuid *Fonn a Nios Fiach*: “Giorria baineann ab ea í. Agus ba é a thaithí féin ar ghiorraithe baineanna riamh gur bhéas leo rith i gciorca agus filleadh abhaile ar a ngnáthóga chomh luath in Éirinn agus d’fhéadfaidís é. Níorbh ionann iad agus an ceann direann anseo – cruinn díreach ar aghaidh ag teitheadh óna áit féin... ‘A Mhaighdean Mhuire,’ ar seisean leis féin, ‘cé a chuirfeadh faoi thuairim aon ainmhí a leithéid de mheabhair is de chiall a bheith aige. Cá bhfios ná gur bean a bheidh romhamsa i ndeireadh mo shaothair inniu faoi mar a bhíodh sna seanscéalta? Anam mná? M’anam féin i bhfoirm giorria.” Leis sin, chonaic sé ant-urchar chuige anuas ó cleith neimhe saighead dhiorcha dhiamhair agus fead á bhaint as an aer aici ag scaoileadh faoin creich, an fiolar agus a dhá sciathán fillte ar a chéile aige agus fuadar fola faoi. Chaith Seán é féin ar an dtalamh. D’imigh an chú ina roilleán i measc na gcos aige... ná ní raibh aon radharc ar an ngiorria ach a oiread. Níor thuig Seán an cúram. Ach níorbh fhada gur thuig. Nuair a d’fhéach se bhuaidh san áit ar cheart don ghiorria a bheith cad a bheadh ach an sneachta ag corraí agus an Cailín i bhfolach thíos ann – poll folaigh réabtha aici di féin sa tsneachta nuair a bhraith sí an tóir ón aer uirthi. De réir a chéile a bhí Seán ag cur aithne ar an ngiorria. Anois a thuig sé i gceart cad ina thaobh go raibh sí ag coinneáil chomh gairid dó roimhe sin. Í a bheith á úsáid mar sciath chosanta di féin. Bhí bóithre ina bolg – níorbh aon ainmhí í seo ach dúil éigin a chum Dia chun a meabhair a bhaint de féin!” (Ua Maoileoin, 1978: 74-77).

34. *An giorria bascaithe a chuaigh 'on tsáipéilín*

10.12.44

CBÉ, 966: 564-565

Bhí fear ar an mbaile seo fadó. Is cuimhin liom fhéinig é. Bhí aithne mhaith agam air. Fear do mhuintir Chonchubhair ab ea é. Bhí sé ana-thugtha do bheith ag gabháilt do ghiorria. Bhí seana-ghunna aige. D'imigh sé tráthnóna déanach go maith, agus a ghunna aige, agus do bhuail giorria leis. Do thug sé fé, agus do bhris sé a cheathrú. D'imigh an giorria bocht go righin. Mheas sé gach aon neoimit go mbeadh beartha air. Bhí an giorria ag imeacht ó ghort go gort. Bhí sé leathmhíle ó bhaile san am gur bhuail seana-sháipéilín leis, agus bhí roiligín bheag in aice leis go raibh cúpla tuama ann, do chuaigh sé isteach i gceann acu san. Do tháinig Mac Uí Chonchubhair abhaile. Dúirt sé ná beadh sé chomh tugtha go deo aríst do ghiorria, go rabhadar bunoscionn.

35. *An méid a mharódh sé, fágfaidh sé ina dhiaidh iad*

[?].7.45

CBÉ, 977: 217

Fadó a tháinig tiarna talún go tig feirmeora ag lorg cíosa. Ní raibh an feirmeoir istigh roimis, ach garsún leis a bhí istigh.

“Cá bhfuil t’athair?” arsa an tiarna talún¹.

“Tá sé ag foghlaoireacht,” arsa an garsún.

Éinne go mbéarfaí ag foghlaoireacht san am san air, raghadh an dlí go trom air.

“Cad air athá sé ag foghlaoireacht?” arsa an tiarna talún.

“An méid a mharáíonn sé,” arsa é sin, “fágann sé ina dhiaidh iad, agus an méid ná maráíonn, tugann sé abhaile ina mbeathaidh iad.”

“Má phrúbhálann tú é sin dom,” arsa an tiarna talún, “tabharfaidh mé cíós bliana maite dho t’athair.”

“Prúbhálfaidh mé dhuit é,” arsa é sin, “ach trom rosaét leis.”

Bhí an garsún go maith. Scrígh sé rosaét, is do thug sé dho é.

“Téanam,” arsa an garsún.

D’imíodar. Bhí an t-athair istigh i gcúinne goirt, is a léine caite age dho, is é á dh’aisce féin.

“Féach anois é,” arsa an garsún.

D’imigh an tiarna talún abhaile. Ní raibh aon bhaochas ar a chois aige.

Á mbuailfeadh giorria marbh ar an gcnoc leat tamall ’on tsaol, chaithfeá scuab a thabhairt leat, is é a chuir isteach ann. Mara a gcíffí ag teacht agat é, bhís scuabaithe.

¹ ATU 921. “A boy (farmer’s son, Solomon) astonishes a king passing by his hut by giving clever answers. The answers refer to questions like: what do you do (does your father, mother, sister) do? [H583.1-H583.64]”. Tá an leagan seo a bhí ag Seán Mac Criomhthain áirithe in TIF 921.

36. *An mada rua agus an bairneach*

[?].10.44

CBÉ, 966: 28-30

Cad é an rud is lú a chualaís riamh a mhairbh mada rua? Do bháigh bairneach mada rua. Chuaigh an mada rua 'on dtráigh, agus chuaigh sé síos 'dtí lagtrá, agus bhí bairnigh ann. Bhí ceann acu bogaithe in airde don gclaí, agus chuir an mada rua a leadhb isteach fén mbairneach, agus luigh an bairneach air, agus chinnibh sé ansan é nú go raibh sé báite.

Bhí an gabhar agus an mada rua uair eile i dteannta a chéile, agus thiteadar síos i bpoll mór doimhin, agus ní fhéadfaidís teacht aníos. Dúirt sé leis an ngabhar druideam isteach go raghadh sé ar a dhrom. Chuaigh an mada rua ar dhrom an ghabhair, agus tháinig sé aníos¹.

“Is ea,” arsa an gabhar, nuair a bhí an mada rua thuas, “tairrig suas mise anois.”

“Ní fhéadfainn é,” arsa an mada rua, “ach tabharfaidh mé comhairle dhuit. Ná téir in aon áit go deo aríst gur dóigh leat ná féadfair teacht as.

An mada rua agus an t-uan

Ghaibh sé babhta eile trí Chom an Lochaigh, is bhí séithleán uisce ag gabháilt síos, is bhí uan féna bhun síos ag ól uisce.

“Tá an t-uisce salach agat orm,” arsa an mada rua.

“Dhera, mhuisse, conas a bheadh sé salach agam,” arsa an t-uan, “agus tú as mo chionn?”

“Shalaigh do sheana-mháthair fadó riamh orm é,” arsa é sin.

Bhuail sé anuas, is do shocraigh sé leis an uainín.

Mhairbh gabhar mada rua

Mhairbh gabhar mada rua i mbarra ghéarán Bhaile an Lochaigh. Bhí an mionnán ag an ngabhar,

¹ c.f. TIF 31 The Fox Climbs from the Pit on the Wolf's Back.

agus bhí an mada rua ag tabhairt fén mionnán. Bhí an mionnán ar dtaobh istigh di, agus bhí sí fhéin á chosaint, ach san útámáil, do bhí adharc mhaith ghéar uirthi, chuaigh an adharc greamaithe ina chaibín. Bhíodar cailte trína chéile san am go bhfuarthas iad.

An mada rua a lig air a bheith marbh

Bhí *slaughter* déanta aige istigh i dtig cearc nú géanna, ach ní fhéadfadh sé gabháilt amach ansan. Nuair a hosclaíodh an doras, bhí sé istigh sínte fuar marbh. An té a dh'oscail an doras, tháinig sé fé dhéin an tí. Ar dhul amach aríst do¹, bhí an mada rua bailithe leis.

¹ An 'do' seo curtha isteach ag SÓD.

37. *An mada rua agus an frog*

[?].11.44

CBÉ, 966: 50

Bhí an mada rua agus an fhrog, chuireadar geall síos ciacu ab fhearr siúl. D'imigh an mada rua sa choisíocht ab fhearr a bhí aige go dtí an áit sin d'áirithe, ach má tá, sarar chuir sé chun siúil, do ghreamaigh an frog ina earball. Stad sé nuair a tháinig sé, agus d'iompaigh sé siar.

“Táimse anso lé fada,” arsa an frog.

Ní raibh aon fhios aige go raibh an frog greamaithe ina earball¹.

¹ Macalla á bhaint anseo as ATU 221A agus B.

38. *Beaglaoidh Chorr Áillí agus an mada rua*

[?].2.46

CBÉ, 979: 209-210

Beaglaoidh Chorra Áillí. Ghaibh madra rua anuas tráthnóna ó Bhaile an Lochaigh, agus gé aige. Bhí a chlann ag imeacht ina dhiaidh.

“Dhera, an fear bocht,” arsa an t-athair, “ligídh do fhéin.”

D’imigh sé chuinn an chnoic, is an ghé aige. Ní chuadar thairis sin. Ní fada ina dhia’ san go dtáinig sé amuigh insa bhuaile. Do rug sé ar ghé, is bhuail sé thiar ar a dhrom í. D’imíodar ina dhiaidh. Fé mar a bheireadh sé bhuathu, thógadh sé socair é. Ní stad sé go gcuaigh sé suas ag déanamh ar bharra an chnoic. Chuaigh sé i measc na gcarraigeacha a bhí thuas ann. Sheasaimh sé ansan nú go rabhadar ag déanamh air. Scaoil sé bhuaidh an ghé ansan. Nuair a chuadar ’dtí an bpaiste, is amhla a bhí a gcapaill ar míchothrom ann. Ní raibh faic ar an ngé. B’fhiú scaoileadh leis an chéad tráthnóna. Bhí an capall caillthe mara mbeadh é. An méid maitheasaí a deineadh riamh ar mhada rua, dhein sé cúiteamh air.

39. *Cúiteamh an mhada ruaidh*

[?].10.44

CBÉ, 965: 544-546

Bhí scéal eile mar gheall ar an mada rua nuair a bhí na gadhair fiaigh ina dheabhaidh. Bhíodar ina dheabhaidh, agus dhein sé faoi dhéin tig feirmeora. Bhí buachaill an fheirmeora lasmuigh, agus do chonaic sé chuige é, agus an tóir ina dhiaidh. Bhí geata iarainn ann, agus d'oscail sé an geata, agus do scaoil sé isteach an mada rua, agus do dhún an geata ina dhiaidh. Bhí scioból ansan ann, agus d'oscail sé doras an sciobóil, agus do chuaigh an mada rua isteach, agus do dhún an buachaill an doras air. Tháinig na gadhair go dtí an ngeata, agus tháinig na fiagaithe. Bhí na gadhair ag imeacht fiain timpeall an gheataidh, agus chuaigh an buachaill amach.

“An bhfeacaís an mada rua anso?” arsa an fiagaire.

“D'imigh sé an bóthar suas,” ar seisean. “Stad sé tamall ansan.”

D'imigh na fiagaithe. Ach nuair a tháinig an oíche, d'oscail sé an scioból, agus thug sé cead a chos don mada rua. I gceann seachtaine ina dhiaidh san, bhí sé ag obair i ngort a bhí in aice leis an gcnoc. Stad sé, is d'fhéach sé suas fé dhéin an chnoic. Chonaic sé dhá bheithíoch dhearga ag gabháil anuas an cnoc. Nuair a imíodh aon cheann acu mar seo, castaí i leith í fé mar a bheadh duine ina diaidh. 'On diabhal, d'fhan sé ag féachaint ansan. Nuair a thánadar cóngarach do, chonaic sé an mada rua, agus é á dteanntú nó gur tháinig sé ana-chóngarach do. Shuigh sé¹ ar a thóin ansan ag féachaint air. Thug sé tamall suite ansan, agus d'éirigh ansan, agus chroith sé a earball, agus bhailimh leis suas an cnoc suas aríst. Nuair a tháinig an buachaill isteach chun a dhinnéir, d'eachtraigh sé don máistir mar gheall ar an mada rua.

“An ndéinis aon mhaith riamh ar an mhada rua?” arsa é sin, arsa an máistir.

D'eachtraigh sé dho mar gheall ar an dtráthnóna. Scaoil sé isteach 'on scioból é.

“Tabhair aire dhon dá bheithíoch,” arsa é sin. “Is fada ó bhaile a thug san iadsan,” arsa é sin.

“Ní thiocfaidh éinne go deo ar a dtuairisc. Má thagann,” arsa é sin, “féadfair iad a thabhairt

¹ .i., an mada rua.

do, ach geobhair amach ná tiocfaidh. Tá sé ráite,” arsa an máistir, “nár chuaigh an mhaith amú ar éinne riamh.”

Chinnibh sé na beithígh, is chuir na beithígh bun air¹. Bhí sé féin ag cuir tuairisc féach' an bhfaigheadh sé éinne dhóibh, is ní bhfuair.

1 Nóta sa l.s. ó SÓD: “cuireadh bonn féidh”

40. *An mada rua agus na dreancaidí*¹

[?].10.44

CBÉ, 965: 543-544

Chuala conas a bhain an mada rua na dreancaidí as féin. Bhí na dreancaidí ag gabháil do, agus do thug sé leis tor ola ina bhéal, agus do fuair sé poll doimhin uisce, agus do chuaigh sé isteach 'on pholl, agus do scaoil sé síos a dheireadh, agus do bhí na dreancaidí ag bailiú leo aníos ag teitheadh ón uisce. Ní raibh aníos ach a cheann sa deireadh, agus do bhí na dreancaidí ag teitheadh i gcónaí nó gur chuadar 'on tor ola, agus nuair a fuair sé san olainn iad, d'oscail sé a bhéal, agus scaoil sé bhuaidh an tor ola, agus na dreancaidí, agus do tháinig isteach ar an bport.

¹ c.f. ATU 63: "The fleas in his coat jump forward until all of them are on the wool. Then the fox lets go of the wool or dives under the water [K921]. Remarks: Documented in the 9th century as an Arabian anecdote. Early European literary source (13th century), see Gervasius of Tilbury, *Otia Imperialia* (ch. 68)".

41. *An chú a mhairbh an madra alla*

10.12.44

CBÉ, 966: 555-556

Bhí fear ag baint choirce lá, agus do bhí leanbh beag insa ghort aige, agus do tháinig an madra alla fé dhéin an linbh. Bhí cú ag an bhfear. Do mhairbh an chú an madra alla, agus nuair a tháinig an fear go dtí an áit go raibh an leanbh, ní bhfuair sé éinní ann ach fuil. Dhein sé amach gurb amhla a bhí an leanbh marbh ag an gcú. Do thairrig sé crústa ar an gcú, agus do mhairbh, agus fé cheann tamaill ina dhia' san, do fuair sé an leanbh ina chodladh, agus do fuair sé an madra alla marbh tamall bhuaidh. Ba dhubhach an lá aige é.

42. *An coileáinín madra i mbóthar na Cille*

18.3.45

CBÉ, 968: 188-190

Bhí triúr buachaillí ó Arda Mór ag teacht ón nDaingean oíche aonaigh, agus i gcaitheamh an bhóthair, ní rabhadar ag réiteach. Bhíodar te go maith le chéile. Ach nuair a thánadar go dtí barra mhám Bhaile na nÁth, do shuíodar. Do thit a gcodladh orthu, ach n’fheadar an dtit a chodladh ar an dtríú duine. Má thit, nuair a dhúisigh sé, do ghluais sé, agus níor bhac sé an bheirt eile a dhúiseacht, agus nuair a tháinig sé aniar insa chor athá insa bhothar, do bhuail an t-eagla é. Bhí leathphiúnt fuiscí aige. Thairrig sé amach é, agus do dh’ól sé braon. Do shiúlaigh sé air, agus níorbh fhada go raibh coileáinín madra roimis amach ar an mbóthar, agus bhí sé lán d’eagla ag rith trasna an bhóthair, agus nuair a chuaigh sé go dtí an Clochán Dubh, do tháinig oiread cola¹ sa mhaidrín, agus é roimis amach. Ach nuair a chuaigh sé go dtí an Steeple, do tháinig oiread capaill ann. Bhí sé roimis síos. Is é an áit a bhuail sé siar go dtí an Imleach. D’imigh an fear eile an bóthar ó thuaidh abhaile, agus nuair a chuaigh sé isteach, bhí a mhuintir ina gcodladh. Bhí seana-lánú ina gcodladh insa *tsettle bed*, agus do thairrig sé blúire bídh chuige. Do bhí bó istigh insa tig, agus tógadh léi, agus buaileadh ar chnámh a dhroma² í.

“Cad atá ar an mboin?” arsa an seandúine a bhí sa *tsettle*.

Bhí an bhó i mbéalbhearta. D’éirigh sé, agus tógadh léi aríst, agus do leagadh, ach d’éirigh sí aríst, agus do chuaigh sí ag cogaint a círe. Cnagadh an doras, agus tógadh léi, agus buaileadh ar chnámh a droma í, agus d’fhan sí ansan. Cailleadh í.

¹ Foirm ghinideach mhalartach den fhocal ‘colainn’ dar le SÓD a raibh ‘[colna]’ scríofa mar nóta mínithe i ndiaidh an fhocail seo.

² l.s. ‘drôma’

43. *Gadhar a bhí ag an gCriomhthanach féin*

25.3.45

CBÉ, 968: 235-236

Do bhí gadhar anso agamsa fadó. Ba mhaith an gadhar é, ach tráthnóna déanach, timpeall na Samhan, do chuas fhéin, agus buachaill don bhaile le deoch go dtís na gamhna. Bhí dúil mhaith i dtobac ag an ngarsún. Nuair a dh'fhágamair na gamhna, do dheargaíos an phíp. Do dhein sé cith. Luíomair cois an chlaí i ngort ar an dtaobh amuigh don áit a bhí na gamhna, agus nuair a bhí an phíp dearg agam, d'imigh an gadhar. Ní fada go dtáinig sé chugham aríst, agus chimil sé a lapa dhíom, agus seo leis. Bhí sé chugham, is b'ait liom cad a bhí ar an ngadhar, is leanas an gadhar, agus an garraí go raibh na gamhna istigh ann, bhí séithleán uisce ag gabháil tríd. Is amhla a bhí ceann dos na gamhna ar chnámh a dhroma thíos insa tséithleán uisce. Do thógamar an gamhain, agus tréis a thógaint, d'imigh sé, agus do chaith sé aríst é fhéin. Is amhla a bhí piast leis an ngamhain. Mara mbeadh an gadhar, do bheadh an gamhain múchta, ach do mharaíos an phiast, mharaíos an phiast. Bhí an gamhain go maith ansan.

Conas a mharaís an phiast?

Mharaíos lem ionga an phiast. Bíonn sí laistigh don gcroiceann. Mharóinn i ngamhain baineann í, ach n'fheadar cá mbíonn sí sa ghamhain fireann.

44. *Madra a mhairbh caíora agus an bithiúnach*

10.12.44

CBÉ, 966: 560-561

Bhí feirmeoir fadó ann, agus bhí ana-ghadhar aige, agus bhí feirmeoir eile ar an mbaile, bhí caoirigh á mharú air. Do chuaigh sé ag faire. Do rug sé ar an ngadhar so, agus lean sé é 'dtí an dtig, agus do dh'fhógair sé don bhfeirmeoir é. Níor mhaith leis an bhfeirmeoir é a mharú, ach dúirt sé leis bailiú leis, agus gan filleadh ar an dtig níosa mó. D'imigh an gadhar, agus bhí sé imithe ar feadh tamaill mhaith. Do bhí an feirmeoir lá i gCorcaigh lé im, agus é ag teacht abhaile, do bhuail bithiúnach ar an mbóthar leis, agus d'aithin sé a ghadhar in aonacht leis. Arsa an bithiúnach leis:

“Cuir bhuaite an t-airgead anois.”

“Níl aon airgead agam, “ arsa é sin.

“Tá fiacha an ime agat,” arsa an bithiúnach.

Bhí sé ag tabhairt leathscéal do, agus a shúil ar an ngadhar.

“Mhuise, mo chéad slán chughat.”

‘Bulaí’ ab ainm don ngadhar.

“Mo chéad slán chughatsa a Bhulaí. Dá mbeifeá im theannta, do dhéanfa fóirithint orm.”

Ní túisce a dúirt sé an chaint ná léim Bulaí, agus do rug sé ar scornaigh ar an mbithiúnach, agus do bhuail ar chnámh a dhroim é. Sin a bhfuil agamsa dho.

45. *Madra a mharaíodh burdáin*

[?].9.46

CBÉ, 981: 362-365

D’fhan fear siúil i dtig feirmeora oíche, agus chromadar ag eachtraí ar ghadhair. Bhí an fear siúil ag insint do ar an *action* a chonaic sé age gadhar á dhéanamh.

“Sin gadhar agamsa,” arsa fear an tí, “agus nuair a bheimíd ag dul a chodladh, cuirfidh mé amach é,” arsa é sin, “ní éireoidh aon duine ar maidin romhat. Féadfair nuair a bhraithfir an lá an doras a dh’oscail[t]. Mara mbeidh burdán age béal an doiris, glaoigh fear éithigh ormsa,” arsa é sin.

Sin é mar a bhí. D’éirigh an fear siúil ar maidin nuair a bhraith sé an lá, is d’oscail sé an doras. Bhí an burdán amuigh. Níl aon mhaidean sa mbliain ná bíodh burdán tugtha go béal an doiris aige. Is amhla a dh’fhaireadh sé an madra uisce. Nuair a thugadh an madra uisce an burdán ar an bport, dh’ardaíodh sé bhuaidh é.

An mbíonn madraí uisce anso?

Bíd siad thíos i gCaol Ghallrois. Bhí fear eile ann, is dh’fhaireadh sé an madra uisce. Dheineadh sé an-obair ar na burdáin. Bhí a fhios aige cá raibh an ghnáthóg ag an madra uisce. Seirbheáladh é. Ach dúrthas leis insa chúirt, á neosfadh sé cá raibh poll an mhadra uisce, go mbeadh nach éinní maite dho, ná himeodh éinní air.

“An bhfuileann sibh á gheallúint siuráltha dhom?” arsa é sin.

“Táimid,” arsa iad san.

“Nuair a gheobhaidh sibh greim ar an madra uisce” arsa é sin, “gheobhaidh sibh a pholl thiar ag an earball.”

Fiolar

Bhí an áit seo lán d'fhiolair fadó. Bhí gadhar bán anso agem muintirse¹ fadó, is bhíodar anso thall ag obair. Bhí sé luite. Do tháinig an fiolar as a chionn, agus do thuirling² anuas, agus d'ardaigh chun siúil é. Mheas sé gur uan a bhí aige. Anso thuas age barra an chnoic a scaoil sé bhuidh é. Ní raibh aon mháchail ar an ngadhar.

Cathain a thit san amach?

Aimsir m'athar. Is minic a chuala é ag eachtraí air.

Athrú sloinne

Na Horgans sin thuaidh. Ní haon Horgans iad san le ceart, ach Dorgans³. Thuaidh i mBaile Ghainín a bhíodar. Bhí na Dorgans flúirseach tamall. Níl éinne acu anois ann.

¹ l.s. 'bmuintirse'

² l.s. 'thúirlic'

³ l.s. 'Dargans'

46. *An Peata Rua a bhí i nDún Chaoin*

[?].3.49

CBÉ, 1151: 222-223

Ar chualaís aon trácht ar an bPeata Rua a bhí i nDún Chaoin? Dhíol m'athair críonna dhá fheidhre banbh leis ar cáirde fadó, agus bhí tamall sara mbuaileadar le chéile. Bhí sé pósta, agus n'fheadar gadé an méid muirir a bhí air. Bhuail fiabhras iad, agus do cailleadh iad, agus cailleadh an bhean, ach tamall ina dhia' san, do bhuail m'athair críonna lá insa Daingean leis.

“Is ea a Pheaidí,” arsa é sin, “beidh tú gan fiacha na mbanbh go deo maran bhfuil aon mhisneach cóir agat. Tá an méid a bhí agamsa cailte curtha,” arsa é sin, “is ní thabharfadh mé m'aghaidh ar an dtig go deo aríst. Tá na banbhaí,” arsa é sin, “ina gcéise¹ maithe móra anois,” arsa é sin, “á mbeadh sé do mhisneach agat iad a thabhairt leat. Tá siad thiar istigh sa tig,” arsa é sin.

Nách mór an misneach a bhí aige, chuaigh sé siar, is bhí an ceart ag an bPeata Rua, is thug sé leis iad, is chuir sé isteach i mbothán iad, agus dhún sé an bothán le clocha. D'fhág sé poll i mbarra an doiris, agus dúirt sé lem mháthair chríonna nár ghá dhi aon ní, ach bia a chaitheamh isteach tríd an bpoll, agus ligeant dóibh maireachtaint nó bás a dh'fháil. Bhíodar istigh sa bhothán, is ní bhfuairadar radharc orthu go ceann dhá mhí. Bhíodar ina dhá mhuic bhreátha² i gceann dhá mhí.

¹ .i., ‘céiseanna’

² Cé gur “dhá fheidhre” banbh a luaitear i dtosach an scéil.

47. *Fear capaill ag tiomáint muca mara*

12.11.44

CBÉ, 966: 141-143

Bhí sé ansan thuaidh i mBaile Ghainín, Gorman, bhí iníon do pósta ar an mbaile seo age Dónall an Phóna. Ach bhí sé sin ag iascach bhallach maidean, ana-mhoch. Ach chonaic sé lasmuigh scata muca mara ag gabháilt thairis. Ní fada a bhíodar imithe thairis nuair a chonaic sé fear an chapaill iallaithe ag déanamh air, an capall ag sodaráil fé mar a bheadh sé ag sodaráil ar an mbóthar. Dhein sé isteach air. Tháinig sé ana-chóngarach do. D’fhiarthaigh sé dho an raibh sé ag déanamh aon lámh chóir ar aon iasc. Dúirt sé ná raibh sé ag déanamh aon lámh c[h]óir ar an iasc. Dúirt sé ná raibh sé ag déanamh aon ana-lámh.

“An bhfeacaís na muca ag gabháilt tharat?” arsa é sin.

“Do chonac,” arsa Gorman.

“An dóigh leat go bhfuil siad i bhfad siar anois?” arsa é sin.

“Ar an siúl a bhí fúthu,” arsa Gorman, “is dócha go bhfuil Binn Diarmada glan acu.”

Faid is bhí sé stadaithe ag caint leis, bhí an capall ag *tipáil* léna chois ar an uisce. Is minic a chífá capall á dhéanamh ar an mbóthar.

“Is ea, lá maith agat,” arsa é sin.

Bhailimh sé leis, agus níorbh fhada a bhí nuair a bhuaill sé ó thuaidh, is na muca roimis amach, é ag *crackáil* na fuipe ina ndiaidh aniar. Bhí sé ag eachtraí dhá chliamhain anso thíos air, is dúirt sé go dtabharfadh sé an leabhar breac gurb é Peaidí Connor a bhí anso thiar a bhí ar an gcapall. Ach bhí Dónall an Phóna ag eachtraí dho m’athair air. D’eachtraigh san do Peaidí Connor é. Fuair Peaidí gáirí an domhain do. Bhí sé maidean istigh sa tseana-thig seo thíos againne, agus cé a gheobhadh an bóithrín i leith ná Gorman. Ghlaigh m’athair isteach air. Comh luath is tháinig sé isteach, c[h]rom sé ar a bheith ag cuir an dá shúil trí Pheaidí Connor.

“An raibh a leithéid seo i gceist?” arsa m’athair leis.

“Do bhí sé i gceist,” arsa é sin, “agus sin é a bhí ar dhrom an chapaill,” arsa é sin, “tá aithne

lé fada agam ort,” arsa é sin, “ach thabharfainn an leabhar gur tú a bhí ar dhroim an capaill.”

Níor fhan aon fhocal age Connor. B’ait leis é. Níor thit aon tubaiste amach do Chonnor ina dhia’ san.

Ciacu iontas ba mhó?

An duine – idir chorp agus anam

48. *Capall burdach Pharóiste an Fheirtéaraigh*

[?].1.48

CBÉ, 1035: 267-269

Bhí capall glas age fear i bParóiste an Fheirtéaraigh fadó. Bhí sé ana-bhurdach, agus i dteannta é a bheith burdach, bhí sé lán do stailc. Nach aon oíche a bhíodh sé amuigh, níl aon bhaol ná go mbeadh duine éigin insa doras ar maidin aige á dh'fhógairt. Bheadh sé i ndíobháil éigint air. D'ardaigh sé leis ar Aonach an Oileáin¹ é. Ní fada a bhí sé ar an aonach nuair a tháinig ceannaitheoir chuige. Ní raibh aon ghreim mór aige air. Do dhíol sé an capall, agus do fuair sé a chuid airgid an neomait chéanna.

Bhí sé go lántsásta. Dúirt sé ná raibh aon ghnó abhaile aige gan capall eile a thabhairt leis, is bhí ana-dhúil i gcapaill g[h]lasa aige. D'fhan sé ag máirseáil timpeall. Ní fada go mbuail fear leis, agus capall deas glas aige. Do cheannaigh sé an capall bhuidh. Thug sé cúpla punt ar an gcapall i dteannta an méid a bhí facha aige ar a chapall féin. Nuair a chuir sé chun teacht abhaile, chuaigh sé ar marcaíocht ar an gcapall. Níor ghá dho an capall a stiúru in aon chor.

Bhí sé umhal éascaidh. As san go dtáinig sé abhaile. Nuair a tháinig sé abhaile, scaoil sé isteach i ngort a bhí in aice an tí aige an capall. Chuaigh sé isteach abhaile ansan, is bhí cuid mhaith istigh roimis, go mbeadh a fhios acu conas a dh'imigh an capall. Fiarthaíodh do conas a bhí an scéal aige, an ndíol sé an capall.

“Is ea, tá sé imithe,” arsa é sin, “is nár éirí a bhóthar leis. Agamsa atá an scéal compordach.

Do dhíolas é,” arsa é sin, “agus do cheannaíos ceann eile, agus is é an t-ainmhí pléisiúrtha é.

Níor mhothaíos an bóthar ag teacht ón aonach aige. Níor chuas ag marcaíocht ar a mháistir riamh.”

Chuaigh sé a chodladh. Má chuaigh do, bhí a dhoras á chnagadh go moch ar maidin. Bhí sé istigh i ngort coirce ar dhuine éigint. A chapall féin a bhí ag an bhfear bocht. Bhí sé athraithe ag an *jobbéir* fé mar a dh'athraíodh Eoghan Rua é féin. Chloisinn go mbuailfeadh Eoghan Rua leat anois, agus go

¹ .i., Oileán Chiarraí.

mbuailfeadh se leat aríst i gcionn leathuair a chloig, agus do dtabharfá an leabhar nárbh é an fear céanna é.

49. *Hot bun for mother*

7.1.45

CBÉ, 967: 284

Bhí bithiúnaigh i mBaile Átha Cliath fadó, agus bhí tithe beaga acu, is iad ag maireachtaint ar bhithiúntaíocht. Ach tháinig garsúinín beag lé duine acu isteach go dtí bácaeirí, maidean.

“Cad ’tá anois ort?” arsa an bácaeirí.

“Hot bun for mother,” arsa é sin, “mother is sick.”

Fuair sé an *hot bun*. Dúirt an garsúinín leis é a shocrú laistigh dá chasóig i bpóca a bhí ann. Ach chuaigh an bácaeirí, is bhí sé ag cuir an bhuilín síos ina phóca. Faid is bhí sé á chuir síos, do bhí an garsúinín ag obair gur ghoid sé a *watch*. Do bhuail sé amach, agus tréis é a dh'imeacht, do tháinig garsún eile isteach.

“Tá do *watch* imithe aige siúd,” arsa e sin.

D'fhéach sé, is chonaic sé an *watch* imithe. D'imigh sé air an tsráid síos ina dhiaidh, na haon liú aige é sin a stop. Níor stop éinne é. Chaith sé teacht abhaile. Nuair a tháinig sé isteach, bhí sé ag machnamh gur dhein an garsún air é. Níorbh fhada go dtáinig garsúinín beag eile isteach.

“Cad ’tá ortsa,” arsa an bácaeirí.

“Hot bun,” arsa é sin, “for mother is sick.”

“Oh, I suppose mother is sick. All year mother is sick. I have no watch to steal now,” arsa é sin.

D'imigh an garsúinín. Thug sé dho an builín. Shín sé réal chuige. Chuaigh sé 'on *drawer* chun seoinseáil an réil a thabhairt do, is bhí an *drawer* glan ag an té a tháinig ag rá leis go raibh a *watch* imithe. Bhéic sé is bhéic sé. Rith an garsúinín eile lé barr eagla. Nách deas a dheineadar leis é. Máistir scoile a bhí ar an mbaile a bhí ag éachtraí dhom air. Bhí formhór na hÉireann ar fad siúltha aige. Footcroft ab ainm do. Is dócha go bhfuil glan dathad bliain ó bhí sé ann.

50. *Marú ar chormhíola*¹

[?].10.44

CBÉ, 966: 37-38

Tráthnóna, bhí scata bailithe, agus bhíodar damanta age míola corra. Dúit fear go raibh stuif aige féin a mharódh iad. Rith gach éinne chuige. Ach pé stuif a bhí aige, ach go háirithe, do ceannaíodh bhuaidh é. Nuair a bhí deireadh díoltha, bhí póca pingíní aige, agus é ag teastáil go dóite chun óil bhuaidh. *Spree boy* ab ea é. Nuair a bhí deireadh díoltha aige, fiarthaíodh do conas a dh'úsáidfí é seo.

“Cuirig fé f[h]abhraí súl na míola corra é,” arsa é sin.

Bhí buachaill eile ann, geaimbléir cártaí. Bhí sé briste amach. Ach fuair sé *newspaper* mar é sin, agus fuair sé siosúr. Chuaigh sé in áit éigin chonláisteach, agus dhein sé ualach beailítí dho. Sheasaimh sé amach² ar an sráid, agus a bheailítí aige, agus shéid sé suas amhrán nár chualaigh éinne riamh. Bailíodh timpeall air, is i gcionn chúig neoimintí, bhí na beiltí ar fad díoltha aige. Bhí an doircheacht ann, is nuair a bheireadh duine acu ar bheilt, théadh sé go dtí fuinneog. D'éistíodh gach éinne. D'fhágadar mar sin é. Dhíol sé iad ar fad.

¹ Tá an leagan seo ón gCrimhthánach áirithe in TIF faoi 1862 A. The Sham Physician, iontráil a chuireann an léitheoir i dtreo 1548 A. Flea Powder Sold chomh maith.

² l.s. ‘mu’

51. *Bean chor*

18.3.45

CBÉ, 968: 205

Do bhí bean ann fadó. Ana-bhadhbairé mná ab ea í. Bhí an riabhach urithi chun a bheith ag eascainí ar dhaoine, ach do bhí bean ar an mbaile, agus do bhí sí scanraithe roim a chuid eascainithe. Do chuaigh sí go dtí an sagart, agus do nis sí dhon sagart é. Dúirt sí go raibh eagla glacaithe aici roimpi sin go raibh a béal comh holc uirthi.

“Ná dein aon eascainithe,” arsa an sagart, “ach gach aon uair a chloisfidh tú í, abair léi, ‘aghaidh do bhéil id bhráid’. Ní gá dhuit a thuilleadh.”

Bhí bean eile ann. Bean ana-mhallaithe ab ea í. Bhí sí fhéin is bean eile cois na tine lá. Do bhíodar ag caint. Bhí sí ag cnáimhseán.

“Á, chaith bhuaite,” arsa an bhean, “is giorra cabhair Dé ná an doras.”

“Cad ’deireann thú?” arsa í sin.

“Is giorra cabhair Dé ná an doras,” arsa a bhean.

“Deirimse nách giorra,” arsa í sin, ag éirí ina seasamh, is ag tabhairt fén ndoras, agus sara mbain sí an doras amach, leagadh í, is briseadh a cos.

Bhíodh an t-im á chuir i bhfeircíní fadó. Bhí fear ann. Bhí feircín lán aige. Bhí bean ana-mhallaithe aige. Do dhein sí luthóg phrátaí a chuir ag róstadh lá, agus nuair a bhíodar róstithe, do thóg sí léithi iad, agus is é an áit a dhein sí peaindí, i mbéal an fheircín anuas. Chonaic an fear í.

“Canachthaobh nár thógais blúire dho?” arsa an fear, “agus an feircín a lat?”

“Á,” arsa í sin, “ní chráfadh san tú.”

52. *Cailín Bhaile an Mhuilinn a chuir an t-uisce sa bhainne*

3.12.44

CBÉ, 966: 423-424

Bhí cailín thíos i mBaile an Mhuilinn fadó, agus chrom sí ar a bheith ag ceannach bainne, agus á dhíol aríst, agus ag cuir a leath uisce ann. Bhí mórán pingíní déanta aici. Tháinig lá breá gréine, agus chuaigh sí ar bhruach abhann go raibh crann ag fás ar bhruach na habhann, agus do thairrig sí amach a sparán, agus bhí á chomhaireamh. Bhí sí ag socrú a cuid¹ airgid, agus do tháinig éan ar an gcrann ná feaca sí a leithéid riamh, agus do thóg sí in airde an sparán leis. Thóg sé in airde an sparán leis, agus d'oscail sé in airde é. Bhí an abhainn fé bhun an chrainn. Rug sé ar phingin, agus do chaith sé 'on abhainn é. Rug sé ar an tarna pingin, agus do chaith sé ar an dtalamh é, pingin eile 'on abhainn. Bhí gachara pingin aige á chuir 'on abhainn, agus ar an dtalamh nó go raibh an sparán folamh aige, is do chaith sé anuas an sparán chúichi fuar folamh. Ní raibh ag dul chúichi ach amháin a leath a bhí ag dul go dtí an uisce.

1 l.s. 'chuid'

53. *Daoine beo is measa ná an diabhal*

18.3.45

CBÉ, 968: 201-202

Deir siad¹ ná fuil aon duine beo is measa ná an diabhal, ach tá siad ar an saol so. Tá diabhail bheo leis ann, lucht suainseáin. Nuair a bhí mo shin-seanathair ar an mbaile seo tá tamall maith ó shin, agus do riar sé fhéin agus driotháir a chéile paiste talún le chéile. An oíche sin ar thiteam na hoíche, do bhuail fear don mbaile isteach go dtím shin-seanathair. Dónall Mór ab ainm dom shín-seanathair.

“A D[h]ónaill Mhóir,” arsa é sin, “ní maith an socrú a dheinis inniubh.”

“Canathaobh?” arsa é sin.

“Ó, tá rogha mór age Dónall ort.”

“An ndeireann tú liom é?” arsa é sin.

“Deirim,” arsa an fear.

Rug sé ar an mhaide is amach leis. Do bhain sé amach Dónall mór. Bhí Dónall ag dul a chodladh roimis.

“Caithfimid an talamh a shocrú aríst,” arsa é sin.

“Canathaobh nár fhanais go dtí maidean,” arsa Dónall.

“Ar ndóthair, ní gá dhuinn aon tsocrú a dhéanamh air, má tá aon aithreachas ort. Bíodh mo chuid féin agatsa.”

“Ó, a leithéid seo,” arsa é sin, “a dúirt é.”

“Tá san ar feadh na hoíche anso,” arsa Dónall, “a d’iarraidh mise a chuir suas ag rá go raibh rogha mór agatsa orm.”

“Mo chroí ’on diabhal,” arsa é sin, “má bheirim air go socróidh mé leis.”

Seo leis é fhéin is a mhaide, agus bhí san imithe a chodladh. Dá mbeadh sé ar an dtinteán roimis, bhí sé socair aige.

¹ l.s. ‘siar’

54. *Driotháracha na céile*¹

28.4.45

CBÉ, 968: 502-504

Bhí fear anso timpeall fadó, buachaill, agus do phós sé cailín óna bhaile féin. Is é an spré a fuair sé garraí go raibh cúpla céad talún ann. Ach tréis iad a phósadh, do chuaigh sé ag obair insa gharraí. Na driotháracha céile a bhí aige, rudaí fiaine ab ea iad. Do bhaineadar amach sa gharraí é, agus do ramhraíodar go maith é. Do tháinig sé abhaile brúite tinn. D'fhiarthaigh a bhean do cad a bhí air.

“Do dhriotháireacha,” arsa é sin, “dhóbair a mharódh mé.”

“Ciacu acu,” arsa í sin, “ba mheasa chughat?”

“An fear críonna,” arsa é sin.

D'imigh sí, is do fuair sí stoca mór fada, agus do bhuail sí buidéal isteach ann, agus do bhuail chúichi é. Do bhain sí amach tig na ndriotháracha. Bhíodar ag ithe na bprátaí ag an mbord, agus do dhein sí aníos ar an bhfear críonna, agus do thóg sí an stoca. Do thairrig sí anuas i mullach an chinn air leis an mbuidéal, is do dhein sí pairseach don mbuidéal anuas ar a cheann. Do thit sé dhon gcathaoir. Bhailimh sí léi an doras amach. Níor lean éinne í. Lá arna mháireach:

“An bhfuileann tú ábalta ar dhul ag obair inniubh?” arsa í sin lena fear.

“Dhera, táim,” arsa é sin, “ach cén mhaith dhom dul ag obair, beifí chugham aríst.”

“Leagfadsa duine eile acu inniubh,” arsa í sin, “má théid. Téir ’on ghort,” arsa í sin.

Do chuaigh sé ’on ghort, agus má chuaigh, níor chuaigh éinne ina ghaire. Ba mhaith an bhean í.

Bhí fear ó Bhaile Í ag dul ag triall ar ghainimh lá, agus do bhíodar, tig ar thaobh an bhóthair acu. Do tháinig beirt acu, agus do shíneadar, duine acu ar gach taobh don mbóthar, agus a gcosa sínte amach ar an mbóthar acu. Stad fear an chapaill. Ní fhéadfadh sé gabháilt tríothu. Is é an rud a bhí bhuathu,

¹ Tá an eachtra seo leis le fáil sa seanchas ilchineálach atá le fáil sna leathanaigh lámhscríbhíne in §417 | CBÉ, 1035: 165-172.

dhá scaoilfeadh sé leis an gcapall go socródíst leis. B'éigeant do casadh abhaile aríst, agus a chuid gainimhe a dh'fhágaint ina dhiaidh.

Sin dhá scéal fíor.

55. *Fuadach*

8.4.45

CBÉ, 968: 355-357

Bhí buachaill ann fadó, agus do bhí sé chun cailín a dh'fhuadach, ach do bhuail duine éigint léna driotháir.

“Tá a leithéid seo chun do dhriofúir a dh'fhuadach anocht,” arsa é sin.

“An bhfuil?” arsa an driotháir.

“Tá,” arsa é sin.

Tháinig an buachaill abhaile. Bhí éadach amuigh leata agena dhriofúir.

“Ná téir ag triall ar an éadach in aon chor anocht,” arsa é sin, “tabharfadsa isteach é.”

Do chuir sé air éadach a d[h]riofúir, agus nuair a chuaigh sé ag triall ar an éadach, do greamaíodh é, agus do scuabadh an bóthar é, agus do tugadh chuig siúil é. Cuireadh isteach i seomra¹ é i dteannta dhriofúir an bhuachalla, agus ní raibh aon dul ar ghabháilt amach aige. Cailín dar leis a bhí aige. Ach ar maidin lá arna mháireach, nuair ab fhada leis go raibh sé istigh acu, buachaill a bhí roimis². Nách deas a bhí sé déanta aige air? An gcualaís cheana é?

Bhí cailín fadó ann, agus ní raibh a fhios age puinn in aon chor í a bheith ann. Bhí a fhios acu í a bheith ann, ach ní chídíst í. Ach do c[h]uir a driotháracha scéala cleamhnais go dtí buachaill, agus do tháinig an buachaill fé dhéin an chleamhnais a dhéanamh, agus nuair a tháinig sé, do bhí an bheirt driothár istigh ar gach taobh don doras, agus píce acu, agus do thug duine acu *spring*.

“Ó Dia linn, ’dhóbair dúinn díobháil a dhéanamh,” arsa é sin, “bhí a leithéid seo chun í a dh'fhuadach anocht.”

Ba mhór an ní ab fhiú ón uair go rabhthas chun teacht á fuadach. Do dhein an buachaill an

¹ l.s. 'seabhamar'

² MI D12.

cleamhnas, agus do pósadh iad. Óinseach ab ea í. Nách deas a chuireadar an cúram dóibh.

56. *Toirmeasc idir dhá líon tí*

8.4.45

CBÉ, 968: 349-350

Bhí beirt driothár ann fadó. Bhí beirt acu pósta in aon tig amháin. Bhí muirear ar gach duine acu, agus níor dhóigh lé éinne ná gurb éinne amháin an muirear. Á dtitfeadh leanbh acu, bheadh an ceann eile acu rite chuige comh tapaidh lena mháthair féin. Bhíodar comh síoch comh grách le chéile is ná feadair éinne. Ach bhíodar maidean, bhí na prátaí ar an dtine:

“B’fhearra dhúinn,” arsa duine acu leis an nduine eile, “an t-aoileach athá i mbéal an doiris a chaitheamh síos faid is a bheidh na prátaí ag béiriú.”

Chuadar ag gabháilt don aoileach, agus sara raibh deireadh an aoiligh caite síos, do bhí na prátaí beirithe, glaodh orthu chun na bprátaí.

“Ní fiú dhúinn dul isteach,” arsa duine acu, “go ndéanfaimíd deireadh don aoileach.”

Bhí na prátaí scagaithe, is iad ar an urlár. Ach thóg ceann dos na leanaí práta. Do rith leanbh eile á bhaint do. Seo ar a chéilig iad. Níorbh fhada gur seo an bheirt bhan ar a chéile. Rugadar ar mhullach cinn ar a chéile. Tháinig an bheirt driothár isteach. Chonaiceadar an murdal. Seo ar a chéile beirt acu. Do sháigh duine acu an duine eile. Do bhailimh leis, is d’fhág sé ansan é. D’imigh leaghadh an mhún [sic] mhóir orthu. Nách oiriúnadh mar a ghaibh an t-áirseoir chúthu san ar maidin.

57. *Deinse dhomhsa an scilligeadh agus déanfadsa dhuitse an mhínmheilt*¹

[?].11.44

CBÉ, 966: 57-60

Muiltheoir a bhí i Muileann an Ghlíomaigh, agus bhí paiste talún aige. Chuaigh sé féin, agus dream eile go Corcaigh lé feircíní ime, dhá fheircín ime ar gach aon chapall. Ach tá a fhios agat cail Muisire. Thógadar lóistín ansan, agus amach ar ghort a scaoileadh na capaill. Ach nuair a dh'éiríodar ar maidin, bhí na capaill sa phóna age Ardmhaor Mhuisire. Bhí oiread ages gach éinne acu agus d'fhuascail a gcapaill, ach ag an muiltheoir. Chuaigh sé go dtí an maor.

“Dhera, tabhair seans dom,” arsa é sin, “is geobhaidh mé chughat ag teacht dom².”

“Ná fuil a fhios agat,” arsa é sin, “gur mise ardmhaor Mhuisire, is nár thugas aon tseans d'éinne riamh.”

“Tusa Ard-Mhaor Mhuisire is dealraitheach,” arsa é sin, “agus mise muiltheoir Mhuileann an Ghlíomaigh – dein domhsa an scilligeadh, agus déanfadsa duitse an mhínmheilt.”

“*By Gor*,” arsa é sin, “is dócha ná casfar mise go deo go Muileann an Ghlíomaigh, ach is tú an chéad duine riamh gur thugas aon tseans do,” arsa é sin.

Scaoil sé chuige an capall, agus dúirt sé leis gan gabháilt chuige ag teacht do. Á thagairt don maith atáimse anois. Chuaigh an muiltheoir go Corcaigh, agus tháinig sé abhaile, agus i gcionn trí blianta ina dhia' san, bhí sé thiar tráthnóna ar Chrosaire na gCeithre Rian, agus chonaic sé chuige an bacach trom ainnis, agus d'fhéach sé síos, agus bhí sé ag imeacht thairis an gcrosaire.

“Ná raghfá síos?” arsa an muiltheoir.

“Mhuise,” arsa é sin, “ní chím thíos ach aon tig amháin, agus do mharódh an t-ard aríst mé ag gabháilt aníos,” arsa é sin.

“Téire chun cinn,” arsa é sin, “is abair lé bean an tí go ndúrtsa léi tú a dh'fhágaint istigh.”

Chuaigh sé chun cinn, agus nis sé dho bhean an tí cad a dúirt an té a bhuail ar an mbóthar leis. Dúirt sí leis suí suas. Ach nuair a tháinig an muiltheoir, bhí suipéar ullamh agena bhean, agus dúirt sé leis

¹ Tá an leagan seo ón gCrimhthanach áirithe in TIF faoin gcineál 750 Hospitality Blessed.

² .i., “ag filleadh abhaile dom.”

an mbacach teacht go dtí an mbord. Bhí faitíos ar an mbacach imeacht go dtí an mbord. Rug sé ar ghualainn air, is chuir sé go dtí an mbord é. Ach nuair a bhí an suipéar ite acu, shuíodar ag an dtine:

“Mhuise,” arsa an muiltheoir, “deárthaíonn tú gur mhaith an fear tú tamall don tsaol.”

Dhein sé osna.

“Ba dhiail na géaga a bhí agat,” arsa an muiltheoir.

“Ba iad san géaga an diabhair,” arsa é sin. “Ní dhein na géaga san éinní cóir riamh,” arsa é sin, “ach gach éinní ba mheasa ná a chéile.”

“Cá gcónaís?” arsa an muiltheoir leis.

Nis sé dho.

“Bhíos im ardmhaor ansan,” arsa é sin, “agus má bhíos, níor mhaith an earra mé.”

“An ndéinis aon mhaitheas d’éinne riamh?” arsa an muiltheoir.

“Níor dheineas,” arsa é sin, “aon mhaitheas d’éinne riamh.”

“An cuimhin leat,” arsa an muiltheoir, “nuair a bhí na capaill sa phóna agat, go raibh capall mhuiltheoir Mhuileann an Ghlíomaigh ann?”

“Is cuimhin liom é sin,” arsa é sin.

“Ach nár dheinis¹ maitheas domhsa?” arsa muiltheoir.

“Níor dheineas d’éinne riamh roimis sin é,” arsa é sin.

“Is ea,” arsa an muiltheoir, “sid é do chúinne anois faid is a mhairfir. Mar a chéile liomsa,” arsa é sin, “tú a chothú an chuid eile dhod shaol, anois, níl ceann dos na luchtach atá sa bhfalla.”

D’fhan sé ina theannta go gcailleadh é.

¹ l.s. ‘dheineas’

58. *Cailín neamheaglach ag gabháil trí roilig*

7.1.45

CBÉ, 967: 257-258

Bhí cailín aimsire i dtig feirmeora fadó, agus do théadh sí abhaile go dtína tig féin gach aon oíche. Bhíodh sé siar amach san oíche san am go dtéadh sí abhaile. Bhí ana-chóngar ag gabhailt tríd an roilig. Bhí ana-thimpeall uirthi lé gabhailt timpeall an bhóthair. Ghaibheadh sí an cóngar gach aon oíche.

“Is ea, mhuisse,” arsa buachaill aon oíche amháin, “beidh deireadh aici ag gabhailt ann.”

Is ea, nuair a dhóigh leis í a bheith ag imeacht, d'imigh sé. Do shín sé idir dhá thuama, agus nuair a bhí sí ag gabhailt thairis, bhí sé ag gearán go truamhéileach.

“Mhuisse, mo ghraidhin tú,” arsa í sin, “tá do ghearán go truamhéileach. Go dtuga Dia suaineas síoraí dhuit.”

Tháinig an buachaill is dúirt sé nárbh aon chabhair a bheith ag gabhailt di. Ghaibh sí aríst ann agus aríst eile.

59. *Cumfadsa éitheach agus dathaighse é*

15.4.45

CBÉ, 968: 452-453

Bhí beirt bhuachaillí ag imeacht lá, agus do bhuail ocras iad.

“Is ea,” arsa duine acu, “raghadsa isteach i dtig,” arsa é sin, “cumfadsa éitheach, agus gaibhse isteach im dhiaidh, agus dathaigh é.”

Do chuaigh sé isteach i dtig, agus do fiarthaíodh do an raibh aon scéal nódh aige.

“Níl aon scéal nódh agam,” arsa é sin, “ach tá ubh le teacht a d[h]éanfaidh bia a thabhairt do Éire go léir go ceann bliana.”

“Is iontach an t-ubh é,” arsa é sin.

Fuair sé bia bhuathu. Ghaibh sé amach. Nuair a chonaic an fear eile imithe é, chuaigh sé fhéin isteach.

“An bhfuil aon scéal nódh agatsa?” arsa iad san.

“Níl,” arsa é sin.

“Is maith an scéal a bhí ag an té a ghaibh anso isteach chughainn ó chianaibh,” arsa iad san, “go raibh ubh ag teacht a thabharfadh bia dho Éire ar fad go ceann bliana.”

“On diabhair,” arsa an buachaill, “go dtabharfainn ana-ghéilleadh dho mar táimse ag siúl ó bhreacadh an lae inniubh,” arsa é sin, “agus tá éan ag gabháilt tharainn ó shin,” arsa é sin, “agus ó chianaibh a ghaibh a deireadh tharainn.”

“Á,” arsa iad san, “mo ghrá thú, sin í a thug an t-ubh.”

Fuair sé sin leis an dá dhóthain¹. Fear ceapaithe an éithigh agus fear dathaithe an éithigh.

¹ c.f. an iontráil faoin gceanfhocail ‘dóthain’ in FGB mar a bhfuil an sampla “a dhá dhóthain” le fáil.

60. *Ciacu ab fhearr?*

[?].11.46

CBÉ, 982: 33

Bhí beirt ón mbaile ag bothántaíocht againn thíos, agus nuair a ghaibheadar amach, bhí an oíche ana-dhorcha. Bhí an oíche comh dorchá go ndéanfá comh maith le dhá shúil a dhúnadh is iad a bheith ar oscailt agat. Nuair a chuadar tamall ón dtig:

“Nách maith an drapadálaí an luch san atha ag *scrapeáil* in airde ar chaisleán Gallrois,” arsa duine acu.

“Á, ní chím in aon chor í,” arsa an fear eile, “ach braithim ag siúl í.”

Ciacu ab fhearr?

61. *Fear géar-radhairce*¹

[?].11.46

CBÉ, 982: 15-16

Bhí fear *spyglass* sa Daingean fadó, agus bhíodh sé ag *spyáil* gach aon áit, ach dúirt fear eile go gcuirfeadh sé geall leis go raibh fear ab fhearr radharc ná an *spyglass* a bhí aige. Thíos ar Dhroichead an tSúip² a sheasaíodar le chéile.

“Cá bhféachfaimid?” arsa fear an *spyglass*.

“Féach pé áit is maith leat é,” arsa an fear eile.

D'iompaigh sé suas ar bharra Chnoc an Chairn.

“Féachaimís ar na caoirigh úd i mBarra Chnoc an Charainn,” arsa é sin, “an gcíonn tú iad?” arsa fear an *spyglass*.

“Chím go maith,” arsa é sin.

“An mó caíora ann?” arsa fear an *spyglass*.

“Tá chúig cinn do chaoirigh ann,” arsa é sin.

“Deirimse ná fuil,” arsa fear an *spyglass*.

“Deirimse go bhfuil,” arsa an fear eile, “tá cheithre cinn do chaoirigh b[h]ána ann, agus caíora dhubh, agus barra a hearball bán.”

Bhí an-argóint acu. Do chuadar comh dian ar a chéile gur imíodar, agus cuileachta in aonacht leo suas ar Chnoc an Chairn. Bhí an ceart age fear na súl.

¹ Tá tras-scríobh Sheáin Uí Dhubhda de leagan eile den scéal céanna le fáil faoin teideal 'Fear Gearr Radharcach in CBÉ, 1715, 276-278.

² l.s. 'Droichead an tSúigh'

62. *Ciacu sneá nú míola nú salachar a bhí id bhríste?*

15.4.45

CBÉ, 968: 448-449

Bhí fear ann fadó, agus do bhí iníon do pósta tamall ó bhaile, agus do bhí bean mhic istigh aige fhéin. Do ghluais a iníon lá ag teacht ar a dtuairisc. Do bhí an bhean óg ag níochnán, agus do bhuail sí bríste an tseanduine amuigh ar an bpáile thairsti¹. Tháinig an bhean óg isteach, iníon fhear an tí, agus do labhair sí. Bhí táilliúir ag obair ar an mbord.

“A athair ó mo chroí istigh,” arsa í sin, “ciacu sneá nú míola nú salachar a bhí id bhríste go bhfágadh cois an tí é?”

“Dhera, ní sneá ná míola ná salachar a bhí ina bhríste,” arsa an táilliúir, “ach uireasa cainte is curtha síos do, agus is fuiriste dul aríst leis. Seo leat é,” arsa é sin.

Nárbh í an báille í.

1l.s. 'théirste'

63. *Dheinis i gan fhios do bheo is do mharbh í*

4.3.45

CBÉ, 968: 74-75

Bhí bean ar an mbaile seo fadó, agus do bhí braon maith uachtair bailithe aici i gcomhair na Nollag.

Bhí an buaile lán do dhaoine bochta.

“N’fheadar an domhain,” arsa í sin, “conas a dhéanfaidh mé cuigeann i gan fhios. Ní fhéadfainn an bhláthach a riaradh orthu, tá oiread ann acu.”

Ach d’fhan sí nó go raibh gach éinne imithe abhaile istoíche. Bhíodh daoine ag bothántaíocht aici. Tréis iad a dh’imeacht, do bhuail sí isteach a cuid uachtair, agus níor thóg sé trí neomaití bhuaithi cuigeann a dhéanamh. Ní raibh aon bhraon bláthaí aici, ach im ar fad, agus lá arna mháireach, chuaigh sí isteach go dtí tig an tsagairt. Bhí na sagairt ar an mbaile an uair sin, agus dúirt sí leis an sagart é. D’eachtraigh sí dho.

“Ó,” arsa an sagart, “dheinis i gan fhios do bheo agus do mharbh í.”

64. *Is dubh agus is daingean an chleath í agus seanchas éagsúil eile*

[?].1.48

CBÉ, 1035: 347-352

Bhí file ann turas, agus bhí tig ósta aige. Tháinig file eile fé mar a thiocfadh sé 'on Daingean á lorg. Ní raibh aon aithne aige ar fhear an tí ósta ná n'fheadair sé cá raibh sé sa bhaile mór. Bhí sé ag siúl ó thig ósta go tig ósta. Bhíodh clár breac as chionn gach aon tig ósta an uair sin as chionn an doiris. Is é an port a bhí aige as chomhair gach an tí acu:

“Is dubh agus is daingean an chleath í seo as chionn do thí.”

Bhí sé ag imeacht mar sin nú gur tháinig sé go dtí an tig ceart.

“Is dubh agus is daingean an chleath í seo as chionn do thí,” arsa é sin.

“Ó tá,” arsa an fear istigh, “ag glaoch isteach ar na fearaibh ag ól na dí.”

Wilson

Bhí feairín anso ag foghlaim na Gaelainne tá dathad éigin blian ó shin ann. Wilson ab ainm do. Bhíodh sé ag siúl ar m'athair. Dhein sí seo¹ té dho. Bhí cúpla ubh ag beiriú. M'athair a bhí cois na tine a bhí ag tabhairt aire dhos na huibhe. Do bhí sé ag amhrán faid a bhí sé ag tabhairt aire dhos na huibhe, agus an fear eile ar an mbord ag scríobh an amhráin. Ach nuair a fuair sé na huibhe, bhíodar cruaidh, agus níor mhaith leis iad a bheith cruaidh. Cruaidh ab fhearr le m'athair iad. Ach nuair a dh'éirigh sé ón mbord:

“Is tu an té is fearr a chuala riamh chun amhrán,” arsa é sin, “ach ní tu an té is fearr liom chun uibhe a bheiriú.”

Ailéaraithe Nailers

Bhídís thíos i mbóthar an phóca sa Daingean fadó, ailéaraithe. Bhídís ag déanamh² tairní bróg. Is

¹ “Bean an tí” a bhí i gceist aige dar le nóta ó SÓD.

² l.s. ‘déionamh’

cuimhin liom iad. Ní dheinidís aon tairne crú mar dheineadh na gaibhne iad san, ach is dócha go ndeinidís tairní eile comh maith le tairní bróg.

The girl I left behind me

Bhíodh sé age Máistir Footcroft a bhí ag múineadh ar an mbaile seo. Nuair a éiríodh sé chun dul abhaile, d'fhéachadh sé ar a *watch*. Naoi a chlog a dh'fhágadh sé sinn i gcónaí. Deireadh sé:

“At nine o’clock in the sentry box,
I left my gun and bayonet.
Colonel Reilly enlisted me,
to join the Wicklow Ranger,
he dressed me up in scarlet red,
and he treated me very kindly,
but still I thought my heart would break,
for the girl I left behind me.

Bhí sé aige ar shlí eile aríst:

“At Carlow town, I left me own,
all free from debt and danger,
Colonel Reilly enlisted me,
to join the Wicklow Ranger.

He dressed me up in scarlet red,
and he treated me very kindly,
but still I thought my heart would break,
for the girl I left behind me.

Éagóir ar chailín aimsire

Cheannaíodh cailíní bochta a bhíodh in aimsir fadó a mbeatha, Bhídís ag obair i rith an lae istigh agus amuigh, agus nuair a thagadh an oíche, bhídís ag sníomh is ag cárdáil go dtí lár na hoíche. Bhí cailín ann, agus bhí sí comh traochta tréis an lae agus tréis obair na hoíche, nuair a bhí a cosa á ní aici i gchorcán sara raghadh sí a chodladh, do thit a codladh uirthi. Cad a deireann [tú] leis an bhfear a tháinig agus a chuir an tine dhearg thíos fé thóin an chorcáin. D'fhág sí croiceann a chos ina diaidh sa chorcán. Bhí an chroch rómhaith dhon té a dhein é.

Ar chualaís riamh an rann so:

Punch agus beoir ar bord age sagairt,
is coirce glan ramhar gan dabht dona gcapaille,
nuair a théid siad abhaile tráthnóna, ní bhíonn buairt ar a n-aighe,
táimse im chodladh is ná dúisigh mé.

An Parrot

An bhfeacaís riamh an t-éan go mbíonn an chaint aige?

Chonac.

Gud é an ainm a bhíonn air?

Parrot.

Bhí ceann acu san babhta age bean uasal, agus bhí cailíní aimsire sa tig. Bhí sí lasmuigh lá, agus dheineadar císte milis. Ní raibh sé ach tógtha as an oighean nuair a chuladar chúthu í. Bhí an t-éan so in airde ag féachaint orthu. Chaitheadar an císte isteach fé bhéal bosca a bhí sa chistin. Tháinig an mháistreás isteach, agus cá suífeadh sí ach ar an mbosca. Ní fada a bhí sí ann nuair a labhair an t-éan.

“Te te féd thóin, a Mháistreás,” arsa é sin, “te te féd thóin a Mháistreás.”

Bhí scéite ar na cailíní.

An langa agus an buidéal branda

Gadé an baoite is aite a chualáís riamh ag marú breac éisc?

Ceirthlín snámh?

Bhíodar thíos insa Leitriúch ag iascach lá, agus chonaiceadar an langa ar bharra an uisce. Is dócha go raibh sí marbh. Thógadar isteach í, agus thugadar fé ndeara go raibh cnapán mór éigin ina goile. D’osclaíodar uirthi. Buidéal branda a bhí istigh inti, é lán go barra. Nár mhaith an baoite é.

65. *Tá sé aimsir shuain do bheoibh*

11.3.45

CBÉ, 968: 159-160

Do bhí táilliúir i gCnoc an Bhróigín fadó. Is é an ainm a bhí air Clás De Focs. Do bhí sé thiar i mBaile Móir ag déanamh éadaigh, agus istóiche Dé Sathairn, d’fhan sé siar amach san oíche go gcríochnódh sé an méid a bhí lé déanamh aige. Do ghluais sé air ansan, oíche bhreá ghealaí, agus age bun an Bhaile Riabhaigh, do bhí duine uasal ina choinnibh ag marcaíocht ar chapall. Chífá an slabhra *watche* ag *shineáil* leis an ngealaigh.

“Cad é an t-am é?” arsa é sin.

“Tá sé aimsir shuain do bheoibh,” arsa fear an chapaill, “agus aimsir róid do mhairbh.”

Chas sé timpeall an capall, agus do ghlan sé an clái suas gur dh’imigh sé suas fé dhéin an áit go raibh an turas.

66. Cloisim go ndéanfadh aingil an uabhair níosa mó díobhála

[?].11.50

CBÉ, 1178: 479

Cloisim go ndéanfadh aingil an uabhair níosa mó díobhála, mara mbeadh go bhfuil siad in amhras ar dhul isteach sa flaithis lá éigin. Tá cuid acu go bhfuil goine an deargáin orthu.

“Nár dheas liom iad a dh’fheiscint,” arsa Dowd.

Ba shimplí an chaint ag teacht ó mháistir scoile í.

Lá Fhéile Muire

Aon lá ’le Muire, ní dheinidís sníomh ná deilbh. Nuair a bhí na sagairt ar an mbaile seo, bhí beirt bhan ann a bhí páirteach ag deilbh. Chuir bean acu ar bun dul ag deilbh maidean Luain. Dúirt an bhean eile ná raibh aon dealramh leis mar go raibh sé coiscthe. Bhí beirt acu ag bearradh i gcoinne a chéile. Ach bhí na sagairt ar an mbaile an uair sin. Thairrigíodar go dtí an sagart é.

“Á,” arsa an sagart, “ná deinídh acht, agus ná brisídh acht. Aon rud atá coiscthe, gaibhídh thairis.”

Drochshúil

Nár mhaith an fear a bhí i Leataoibh a leag an mada rua lena shúil. Bhí an drochshúil aige, agus an teist air. Bhí sé féin agus triúr eile lá Domhnaigh ag caint le chéile lasmuigh, agus ghaibh an mada rua an treo. Ghaibh sé trasna an ghoirt ar a n-aghaidh amach. Bhíodar ag féachaint air.

“Mo sheasamh ort” arsa fear acu le fear na súl, “sin é.”

D’fhéach fear na súl ar an mada rua, agus leag sé é. An dóigh leat an raibh obair ann?

***Tabhair bearradh rí agus rudaire orm*¹**

Chuaigh fear 'dtí *barber* turas. Shuigh sé sa chathaoir.

“Gadé an bearradh a thabharfaidh mé ort?” arsa an *barber*.

“Tabhair bearradh rí agus rudaire orm” arsa an *barber*.

Chuaigh an *barber* á bhearradh. Nuair a bhí sé bearrtha:

“Cad a bhainfir díom anois?” arsa an fear.

“Leathshabharain,” arsa an *barber*.

“On diabhal dealramh leis sin,” arsa é sin.

“Ó,” arsa an *barber*, “sin é a bhainimse do rí agus do rudaire.”

An bráthairín

Nuair a bhíodh bean ag déanamh císte fadó, bhíodh na leanaí ag faire ar bhráthairín a dh'fháil, is é sin, blúire dhon dtaos, agus dheinidís fear as, nú deineadh cuid acu saighdiúir.

Bithiúnach a bhí san Oileán Tiar

Bhí bithiúnach istigh san 'leán babhta, agus goideadh caíora bhuaidh, agus maraíodh í, agus crochadh anuas í. Mhairbh fear éigin eile caíora eile, agus baineadh an ceann di. Baineadh an ceann do chaíora an bhithiúnaigh, agus bhuaileadh an ceann eile uirthi. Bhí sí ar crochadh anuas ansan, agus ní hé a ceann féin a bhí uirthi. Ghaibh an bithiúnach isteach. Bhí sé ag féachaint uirthi.

“Thabharfainn an leabhar,” arsa é sin, “gur liom an chaíora san, ach ní hé sin a ceann.”

Ba ghéar é².

¹ Níor cuireadh aon teideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn, ach bhí an scéilín céanna le fáil faoin teideal a tugadh anseo in CBÉ, 977: 417-418, agus an réamhrá beag seo ón gCrimhthanach sa bhfoinse sin: “Ná bac éinne a bheidh ródheisbhéalach. B'fhéidir gur minic a theangódh do. Fadó a ghaibh fear ana-dheisbhéalach isteach go dtí bearbóir.” c.f. MI J1210 Clever man puts another out of countenance.

² Ba ghéar leis é an phearsa in §2 | CBÉ, 968: 45-46 a d'aithin a bhó féin.

Sundial age máistir scoile

Bhí máistir scoile anso thíos. Gloster. Sasanach ab ea é. Aniar ó Dhún Chaoín a tháinig sé. Dhein sé *sundial*. Théadh na scoláirí amach ar a dó a chlog agus shocraídís é. Deiridís go raibh sé a trí. Scaoileadh sé abhaile iad. Bhí tamall ann sara gcuaigh sé amach orthu, agus bhí deireadh le bheith ag brath¹ ar an *sundial* as san amach.

¹ l.s. ‘braith’

67. *Míoneachtraithe*

4.3.45

CBÉ, 968: 83-86

Bhí fear ann, feirmeoir, bhí dhá cheann déag do bha aige. Do bhí sé lasmuigh, maidean. Do bhí fear eile ar an mbaile, chúig cinn do bha a bhí aige. Bhí sé ag seoladh na mba, agus do bhí an feirmeoir mór ag féachaint ar na chúig cinn do bha. Tháinig sé isteach abhaile. Bhí duine dos na comharsain istigh.

“Tá a leithéid seo imithe suas an bóthar,” arsa é sin, “agus chúig cinn do bha aige, agus nár chaithfead mo hata,” arsa é sin, “gur fearr na chúig cinn ná an dá cheann déag athá agam.”

Do chuala ná raibh aon fhocal bréige ann, ná raibh aon ní ages na chúig cinn do bha tráthnóna ach fuil ná as san amach.

Bhí fear ina chónaí timpeall na háite seo fadó, agus ní fhéadfadh sé stad d’áirseoirithe¹. Ach lá a bhí *stations* aige, dúirt sé leis an sagart ná féadann sé stad in aon chor dóibh.

“Tabhair an lá inniubh ach go háirithe,” arsa an sagart.

Do gheall sé dhon sagart do dtabharfadh. Ach nuair a bhí na *stations* i leataoibh, an bricfeast ite ages na sagairt, bhí cráin mhuike aige, bhí sí ag teacht isteach. Bhí sé ag fógairt uirthi, agus ag fógairt uithi, ach sa deireadh thiar thall:

“Mo chroí-se ’on diabhal mhuisse,” arsa é sin, “á mbeadh an lá inniubh domhsa go dtabharfainnse scéal nódh dhuitse.”

¹ .i., ní fhéadfadh sé stad de bheith ag eascaíní, de bheith ag gabháilt d’áirseoirithe. Bhain Seán úsáid as a leithéid de nath cainte in §484 chomh maith: “Beidh sí ag gabháilt dom, agus ag gabháilt do d[h]iabhail, is ag gabháilt do dheamhain”.

Bhí fear eile ann, agus nuair a bheadh sé ag insint scéil duit, do thugadh sé corp agus anam don áirseoir. Ach do bhí fear ag caint leis, agus bhí sé ag gabháilt trína chroí an tslí. Bhí sé ag caint. Ach nuair a bhí deireadh ráite aige:

“Is ea, an bhfuil deireadh ráite agat?” arsa an fear eile.

“Tá,” arsa é sin,

“An bhfaigheadsa cead cainte anois?” arsa an fear eile.

“Gheobhair,” arsa é sin.

Thosnaigh sé, is nuair a bhí stáir ráite aige, “trumpaí, píopaí, sreanga” arsa é sin. D’imigh sé sa tsiúl aríst ag caint agus i gcionn tamaill, “trumpaí, píopaí, is sreanga,” arsa é sin. Ach an tríú huair a dúirt sé é:

“Ó in ainm an diabhair, tú fhéin is do thrumpaí is píopaí is sreanga. Cad é an diabhal trumpaí is píopaí is sreanga athá ort?”

“Caithfeadsa córas a chuir ar mo chuid cainte,” arsa é sin, “comh maith is a chuireann tusa leis an ndiabhal.”

68. *Gol, duine uasal*

4.3.45

CBÉ, 968: 61-63

Bhí duine uasal fadó ann, agus ní raibh éinne ina theannta ach an iníon. Ba mhór an seó é ag tabhairt daoine uaisle ar dhinnéir. Bhí a iníon cráite aige. Níorbh aon chabhair di bheith ag gabháilt do. Ach bhí cuireadh dinnéir fachta age duine uasal bhuaidh. Bhí an dinnéar déanta suas aici, agus bhí sí ag faire go gcífeadh sí an duine uasal ag teacht. Bhí bóithrín ag teacht go dtí an dtig. Ghluais an duine uasal, agus cheithre chinn do chapail fé chóiste aige. Nuair a bhí sé istigh sa bhóithrín, bhí sí ina choinne.

“Cá raghaidh tú?” arsa í sin.

“Nách ansan athá an Gol ina chónaí,” arsa é sin.

'Gol' ab ainm don nduine uasal.

“Is ann go díreach,” arsa í sin.

“Tá cuireadh dinnéir agam bhuaidh,” arsa an duine uasal.

“Go bhféacha Dia orainn,” arsa í sin, “cuireadh dinnéir agat ó Ghol, agus gan éinní age Gol ina thig fhéin.”

“Ó,” arsa é sin, “ní fhéadfainn na capaill a chasadh anois. Tá an áit róchúng.”

“Téire chun cinn anois.” arsa í sin.

Bhí clái mór ard ann. Do chuaigh sí isteach thar clái. Do bhí sí istigh roimis nuair a tháinig sé. Ní fheaca sé a leithéid do dhinnéar riamh lé breáthacht. Bhí uafás air tréis an chaint a bhí ráite leis. Ach nuair a bhí sé chun imeacht:

“Dar go deimhin,” arsa é sin, “an chéad áit eile a bhuailfidh tú liom, tabharfaidh mé *present* duit.”

Thug sí baochas leis. D'imigh sé. Ghaibh sí sin laistigh do chlaí. Do bhí sí ar an mbóthar roimis. Nuair a tháinig sé ar an mbóthar, d'fhéach sé uirthi.

“Mheathas gur tusa a thug an dinnéar dom,” arsa é sin.

“Is mé,” arsa í sin, “ach do ghealais dom an chéad áit eile a bhuailfinn leat go dtabharfa *present* dom.”

Tháinig sé amach as an gcóiste. Do thug sé na cheithre cinn do chapaill agus an cóiste dhi. Do thug sí léithi abhaile iad. Níor tháinig éinne ar aon dinnéar go dtí Gol as san amach.

69. *Troscadh na seana-bhan sa chúinne*

11.3.45

CBÉ, 968: 151-152

Bhí beirt seana-bhan i dtig fadó insa charghas. Ní théidís ar an mbord in aon chor. Is ea, do dh'fhaighidís an chuid ab fhearr dos na prátaí ar an mbord, agus do thugaidís leo 'on chúinne iad. Ach do bhí buachaill aimsire insa tig.

“Is ea,” arsa é sin, “más insa chúinne atá an troscadh á dhéanamh, 'on diabhal go ndéanfaimíd ar fad é.”

Bhí a phláta aige fhéin an chéad uair eile, agus do bhí gafa aige trís na prátaí rompu. Chuadar ar an mbord as san amach.

Tá Mórán beartha, is tá Scataí gan breith

Bhí daoine ana-shimplí fadó ar fad ann. B'ana-fhuiriste cleamhnas a dhéanamh leo. Do chuaigh buachaill tamall ó bhaile ag déanamh cleamhnais leo. Bhí sé socair¹ síos, ach fiafraíodh do an raibh aon bhó beartha air. Is é a raibh aige dhá bhó. Is é an ainm a bhí ar cheann dos na ba, ‘Mórán’, mar ó² f[h]ear do mhuintir Mhóráin a cheannaigh sé í. Is é an ainm a bhí ar cheann eile acu ‘Scataí’. Dúirt sé go raibh ‘Mórán’ beartha, is go raibh ‘Scataí’ gan breith. Dheineadar amach gur mhór an seó a raibh do bha aige. Ní raibh aige ach an dá bhó, is ní raibh aon fhocal bréige ráite aige.

¹ .i., ‘socairte’

² l.s. ‘is’, agus an dearmad seo ón gCrimhthach tugtha faoi deara ag an scríobhaí.

70. Gearaltach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí¹ VIII

3.12.44

CBÉ, 966: 408-411

Bhí ana-ghaiscíoch fir ar dtaobh thuaidh do Thrá Lí fadó, agus ní raibh aon áit go raibh fear maith ná gur mhaith leis triail a bheith aige air. Chualaigh sé go raibh ana-ghaiscíoch fir i mBaile na hAbha thuaidh, agus do ghluais sé. Ghaibh sé i leith tríd an Leitriúch. Bhí sé ag gabháilt tríd an dtráigh. Bhuail garsún leis.

“An fada bhuam aon tsiopa?” arsa é sin leis an ngarsún.

“Ní fada,” arsa an garsún, “tá siopa i gClochán.”

“An bhfuil arán á dhíol ann?” arsa é sin.

“Tá,” arsa an garsún.

“An bhfaighidh mé puinn ar phingin do?” arsa é sin.

“Gheobhaidh tú oiread lé héinne eile,” arsa an garsún.

“Ní dhéanfadh san an gnó,” arsa é sin, “tairrig a phátrún amach ansan sa ghainimh.”

Thairrig an garsún amach a phátrún sa ghainimh.

“Méadaigh é,” arsa é sin.

Mhéadaigh an garsún é.

“Méadaigh a thuilleadh é,” arsa é sin.

“Dhera, téir in ainm an diabhail a stumpa 'madáin,” arsa an garsún.

Bhailimh sé leis. N’fheadarsa an ndéin sé margadh an aráin i gClochán nú nár dhein. Ach bhí sé ag cuir tuairisc Bhaile na hAbha. Stiúraíodh é. G[h]aibh sé suas trí Mhacha an Mhíl, agus bhí sé ag treabhadh leis go dtáinig sé ar thaobh Bhaile na hAbha. Do bhuail sé anuas. Bhí an Gearaltach ina choinnibh suas. B’shin é an fear maith a bhí i mBaile na hAbha.

“Cá bhfuil Baile na hAbha anso?” arsa é sin.

“Sin é thíos agat é,” arsa an Gearaltach.

¹ Tá taifeadadh fuaime de leagan eile den scéal céanna le clos ar rian uimhir a hocht den dlúthdhiosca.

“Chuala go raibh ana-ghaiscíoch fir ann,” arsa é sin, arsa an Gearaltach.

“Tá,” arsa é sin, “tá Gearaltach, agus is é sin an fear tinn domhsa. Níor ghá dhomhsa a bheith i ndiaidh na mbeithíoch so mara mbeadh é sin. Á raghaidís thar claí air, bhíodar curtha leis an bhfaill aige.”

“Ní fada a bheidh sé ag déanamh crosta dhuit,” arsa é sin. “Tógfadsa a chúram san don tsaol inniubh.”

“B’fhéidir lé Dia san, mhuisse,” arsa an Gearaltach, “ach sara bhfágfair an áit seo,” arsa é sin, “bainfidh beirt againn babhta as a chéile mar triallaimse é go minic nuair a bhíonn an fhearg orm, agus beidh a fhios agam an bhféadfaidh tú an lá a dh’fháilt air.”

Rugadar ar a chéile, agus níorbh fhada go mbuail an Gearaltach fé thíos é.

“Ní raibh do ghreim agat,” arsa é sin.

“Ní raibh,” arsa an gaiscíoch.

Seo fé chéile aríst iad.

“An bhfuil do ghreim agat?” arsan Gearaltach.

“Ó, tá,” arsa é sin.

Bhí an Gearaltach ag faire go bhfeaca sé stacán cloiche, agus do bhuail sé ar chnámh an droma anuas uirthi é, agus an bhéic a dhein sé, chualathas míle ó bhaile é. Bhí tamall maith sara dtáinig sé chuige féin.

“An bhfuil an Gearaltach rómhaith d’fhear duit?” arsa é sin.

“Tá,” arsa an fear eile.

“Bheirim a bhaochas lé Dia nár chuas chun cinn. Is dócha go socródh sé liom.”

“Shocródh sé leat mhuisse,” arsa an Gearaltach.

Bhailimh sé leis an cnoc suas, is gan é ábaltha air. D’imigh sé abhaile.

71. Cill Rois

25.2.45

CBÉ, 968: 3-5

Is é an pinsean a thugadh an Sasanach fadó do shaighdiúirí go mbíodh a dtéarma tugtha acu, chuireadh sé go dtí feirmeoir duine acu in Éirinn, agus do chaitheadh sé sin é a chothú, agus cothú maith a thabhairt do. Bhí duine acu thuaidh i mBaile na hAbha age fear dos na Gearalthaigh¹. Chaitheadh sé feoil a bheith gach aon lá aige, gan aon fheoil ag an nGearalthach fhéin. Nuair a théadh sé ag ithe:

“Is ea, mhuisse,” a deireadh sé, “dá ba iad bric na habhann a dh’íosfadh mé,
is é Diarmuid Bhaile na hAbha a dhíolfaidh asam.”

Do bhí croí Dhiarmuid á ghreadadh. Sin é an port a bhí gach aon lá aige. Aon lá amháin, bhí sé ag ithe. Do rug Diarmuid ar chnámh feola. Chuir sé siar ina bhéal é, agus do bhuail sé lé buille dorn é. Thacht sé é.

“Anois, a dhiabhail,” a dúirt sé, “cé a dhíolfaidh asat?”

Ghluais duine eile acu lá, agus do bhí fíodóir ina chónaí i gCill Rois. Do ghaibh an saighdiúir isteach chuige, agus do d’fhiarthaigh sé dho arbh fhada bhuaidh Cill Rois.

“Sid é Cill Rois,” arsa an fíodóir.

“Ó, sin é an áit athá fachta agamsa,” arsa é sin, “tháim tréis mo théarma a thabhairt.”

“Mo ghraidhin go dealbh thú,” arsa é sin, “más é sin athá fachta agat. Is suarach an tslí bheatha dhuit é.”

Bhí saghas cathair² ar dtaobh amuigh do thig an fhíodóra, agus bhí capall bán ag an bhfíodóir istigh ann.

“Sin é faid agus leithead Chill Rois,” arsa é sin.

“Deireann tú liom é?” arsa an saighdiúir.

¹ Nóta ó SÓD le cur in iúl gur luaigh an Criomhthanach i gcomhthéacs éigin eile gur “timpeall lé 15 bliain ó shin ó bhí Diarmuid anso.” c.f. chomh maith na leaganacha den mhír ‘Gearalthach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí’ atá le fáil ó Sheosamh Ó Dálaigh in §70 | CBÉ, 966: 408-411 agus ar rian a hocht ar an dlúthdhiosca.

² “Clochán, nó seanfhoirgneamh” atá i gceist leis an gCriomhthanach sa mhéid seo, dar le nóta ó SÓD.

“Deirim,” arsa an fíodóir.

“Mhuise, go mbeire an diabhal bhuam é,” arsa é sin.

“Is dóigh, mhuise, á mbeadh sé agamsa,” arsa an fíodóir, “do bheinn ana-shásta. Dhéanfadh sé mo chapaillín dom.”

“Is dóigh, mhuise,” arsa an saighdiúir, “bronnaimse ort é.”

Fuair sé a dhóthain lé n-ithe, agus lé n-ól ón bhfíodóir.

“Bhuel,” arsa é sin, “ní chreidfear mé go bhfuil sé agam. B'fhearr liom go mór go saighneálfá é a dh'fhágaint agam.”

“Ní gá dhuit é,” arsa é sin, “tá páipéir agamsa, is geobhaidh tú iad.”

Fuair sé na páipéir. Ach bhí feirm ag leanúint Cill Rois. Ach b'shin é Cill Rois, an chathair sin. Do thug sé punt airgid do i gcomhair an bhóthair, agus bhí an saighdiúir a d'iarraidh gan é a thógaint.

“Is fearr liomsa ná fiche punt an blúire sin a bheith agam dom chapall.”

“Tá sé go tairbheach agat,” arsa é sin, “lá maith agat.”

Bhailimh sé leis, agus bhí feirm bhreá talún ag an bhfíodóir, de bharra chúrsaí.

72. *Fear a bhí a d'iarraidh éirí as arm Shasana*

[?].8.45

CBÉ, 977: 397-398

Chuala, fear a bhí *joináltha* le Sasana, agus bhuail aithreachas é. Lig sé air a bheith breoite. Ní raibh aon bhreoiracht air. Scaoileadh abhaile é i gceann tamaill. Bhí dochtúir ag teacht chuige go minic. Do bhí a fhios ag an ndochtúir go maith gadé an b[h]reoiracht a bhí air. Bhí an dochtúir ag cuir scéala bhuidh i gcónaí ná raibh aon fheabhas air. Tháinig sé chuige lá, agus bhí an t-ard-dochtúir chun teacht chuige an lá san. Chuaigh sé go dtí an leabaidh chuige, a dhochtúir féin.

“Tá an t-ard-dochtúir chun teacht inniubh,” arsa é sin, “fanfadsa timpeall go dtí go dtiocfaidh sé,” arsa é sin, “ach nuair a bhraithfidh tú mise ag caint leis, tá súil agam go bhfuilgeoir le ábhar pionóis. Ná spáráil do dhá uilinn ar an bhfalla.”

Ach chuala sé ag caint amuigh leis an dochtúir é.

“Conas atá aige sin inniubh?” arsa an t-ard-dochtúir.

D’oibrigh mo dhuine na huileanna go maith ar an bhfalla, agus fuair sé pionós.

“Ní fhéadfainn aon oipineon a chaitheamh inniubh air,” arsa an dochtúir.

Tháinig an dá dhochtúir isteach chuige aríst, agus do rug an t-ard-dhochtúir ar chuislinn air.

“Tá an ceart agat,” arsa an t-ard-dhochtúir, “n’fheadar cad a deirim leis,” arsa é sin, “is dóigh liom ná déanfaidh sé éinní cóir.”

D’imigh an t-ard-dhochtúir, is níor tháinig sé as san amach. Bhí sé ag breacadh leis go bhfuair sé a phas ar fad.

73. *An dá chailín codlatánach*

25.2.45

CBÉ, 967: 47-48

Bhí dhá fheirmeoir fadó ann, agus do bhuaileadar lé chéile lá. Bhí duine acu ag cuir síos ar cailín a bhí aige fhéin, gur mhór an scamall í chun codlata.

“Ní dhéanfadh sí paiste dhon gcailín athá agamsa,” arsa an fear eile.

“Conas a réiteoimid é?” arsa é sin.

“Á dtógfá an cailín athá agamsa,” arsa é sin, “nuair a bheadh sí ina chodladh, an bairlín a thógaint amach ar an ngort, agus an sneachta a bheith á shéideadh, agus an sioc, ní dhúiseodh sé í.”

“An cailín athá agamsa,” arsa an fear eile, “nuair a théann sí ag ní a cos, titeann a codladh uirthi. Á gcuirfeá tine fén gcorcán, agus é a chuir ag fliuchaigh, ní dhúiseodh sé í.”

Ciacu ab fhearr?¹

¹ “Dúirt an Criomhthanach”, dar le comhrá le SÓD ina dhiaidh sin, “go mb'fhearr chun codlata cailín na gcos a ní.”

74. *Comhairle garsúna*¹

25.2.45

CBÉ, 968: 1-3

Bhí seandúine eile ann. Do bhí a mhac pósta, agus leanaí óga aige. Aon lá amháin, fuair sé mála.

“Seo,” arsa é sin léna athair, “tá an dúthaigh fairsing agat, agus bailimh leat. Dein do bheatha dhuit fhéin.”

D'imigh an duine bocht críonna, agus a mhála fén ascaill aige. Bhí garsúinín ag an bhfear óg, agus d'imigh sé. Ní raibh aon fháilt i rith an lae air go dtáinig an oíche. Bhuail sé isteach ar thiteam na hoíche, agus mála féna ascaill aige.

“Cá rabhais ó mhaidean?” arsa an t-athair.

“Bhíos ag déanamh so,” arsa é sin, “féach air,” arsa é sin, “an bhfuil sé comh mór leis an mála a thugais do m'athair críonna? Beidh sé seo agamsa id chomhairse.”

D'imigh mo dhuine. Níor fhan sé go dtí amáireach. Bhí sé ag cuir tuairisc cár ghaibh² a athair. Lean sé ar a thuairisc go bhfuair sé é, is do thug sé leis isteach abhaile aríst é, lé comhairle an gharsúna.

D'imigh fear eile oíche ag goid phrátaí. Do rug sé leis garsúinín mar chuileachta, oíche bhreá ghealaí. Nuair a chuaigh sé go dtí gort na bprátaí, do chuaigh sé go dtí an gclaí, agus d'fhéach sé, agus do chuaigh sé go dtí an gclaí eile, agus d'fhéach sé.

“Cad air athánn tú ag féachaint?” arsa an garsúinín.

“Ar eagla go mbeadh éinne timpeall,” arsa é sin, “a chífeadh sinn.”

“Ní fheaca ag féachaint in airde in aon chor tú,” arsa an garsúinín, “m'bhéi' go mbeadh duine éigint in airde a chífeadh sinn.”

Rug sé ar an ngarsúinín, agus do bhuail sé ar a bhaclainn é, agus do thug abhaile é. É fhéin a

¹ c.f. §338 | CBÉ, 967: 575 atá áirithe faoi TIF 980. Ungrateful Son Reproved by Naive Actions of his Own Son.

² I.s. 'ghoibh', .i., líne faoin 'o' ag an scríobhaí.

dh'admhaigh é sin. Níor ghoid sé práta ná meacan an chuid eile dhá shaol.

75. *Comhairle na mná mar gheall ar stail ráis*

11.3.45

CBÉ, 967: 135-136

Bhí fear fadó ann, agus bhí stail ráis aige, agus níl aon rás ná tógadh sé. Ach aon mhaidean amháin a thóg sé amach é chun dul ar ráiseanna, do chuaigh a bhean amach, agus d'fhéach sí ar an gcapall.

“Táim á rá leat,” arsa í sin, “é sin a chuir isteach inniubh mar ná déanfadh sé éinní cóir inniubh.”

Níor thug sé aon tor uirthi. D'imigh sé, agus do tháinig sé abhaile tráthnóna go míchéadthach, gan éinní déanta ag an stail. Ar maidin lá arna mháireach, ní raibh aon fhonn éirí air.

“Ná fuil sé in am agat a bheith ag éirí,” arsa a b[h]ean, “má théann tú ar na ráiseanna,” arsa í sin. “Éirigh,” arsa í sin, “agus tairrig amach an capall.”

Bhí sí ag gabháilt do, ach d'éirigh sé. Do thóg sé amach an capall. D'fhéach sé ar an gcapall.

“Beir leat a bhfuil d'airgead inniubh agat,” arsa í sin, “agus cuir síos as é.”

Do dhein sé rud uirthi. Do bhí ualach airgid ag teacht abhaile. Níl aon rás nár thóg sé.

76. *Fear siúil ná raibh aon scéal aige*¹

[?].8.44

CBÉ, 965: 53-56

Chuala trácht ar Sullivan a bhí thíos ar thaobh an Chnoic. Ach pé áit go ngeobhadh fear siúil nó bean siúil ach go háirithe, níor chuir sé amach riamh éinne acu. Bhí an-éileamh ar scéalta aige. Ach ghaibh fear siúil chuige oíche, agus ba dhóigh leat lé féachaint air gurb ana-scéaltóir é. Ach nuair a thit an oíche, dúirt sé leis scéal a rá.

“Ní dúrt aon scéal riamh,” arsa é sin.

“Abair amhrán mar sin,” arsa é sin.

“Ní dúrt aon amhrán riamh,” arsa é sin.

“An bhfuil siad agat le rá²?” arsa é sin.

“Cad é an cás is crua a rug riamh ort?” arsa é sin.

“Níor rug aon chás cruaidh riamh orm,” arsa é sin.

Dhearg sé a phíp, is shin sé chuige í.

“Níor chuireas im béal riamh í,” arsa é sin.

“An rabhais pósta riamh?” arsa é sin.

“Ní rabhas,” arsa an bacach.

“Is ea, níl aon ghnó anso againn,” arsa é sin, “tá sé im am dul a chodladh.”

D’imigh fear an tí suas i seomra a bhí suas, agus fuair sé maide maith. Shín sé istigh sa leabaidh, is dúirt sé leis an mbacach teacht anso aníos a chodladh, ná raibh aon ghnó ansan aige. D’imigh an bacach suas. Do bhain sé dho a chuid éadaigh, is bhí sé ag dul isteach ’on leabaidh.

“Á, bain díot do léine leis a fhir mhaith,” arsa é sin.

Bhí leisce air an léine a bhaint di.

“Á, ní ligfeadsa éinne im leabaidh gan a léine a bhaint do,” arsa é sin.

¹ c.f. CBÉ, 621: 86–90 mar a bhfuil leagan tras-scríofa bailithe ag Seán Ó Dubhda dar theideal ‘Íde a tugadh ar bhacach gan scéal ná duain’.

² l.s. ‘reá’

Ach chuaigh sé ag baint a léine dho, agus nuair a bhí an léine ar a cheann aige, thairrig fear na leapa chuige an mhaide, is do thairrig sé lé stiall air comh maith is ab fhéidir leis. Chloisfá míle ó bhaile an bhéic a dhein sé fé mar a dhéanfadh tarbh. Sara raibh sé age doras an tseomra, bhí iarracht eile fachta aige. Sara raibh doras na cistean bainte amach aige, bhí iarracht eile fachta aige. Bhí buaile doimhin as choinnibh an doiris amach ansan, gan é ach díreach tairrigithe as. Bhí log mhór uisce ann. Cuireadh isteach ann é. Bhí útamáil air. Sara bhfuair sé é féin scartha amach as an loig, deirimse leat nár dheas an pictiúir é. Bhí Mac Uí Shúilleabháin sa doras, agus nuair a bhraith sé éirithe amach as an loig é:

“Sin scéal nódh agat a dhiabhail,” arsa é sin, “pé áit go stadfair.”

Chonaic sé solas thall ansan fé mar a bheadh sé i gCathair Deargáin, is dhein sé fé dhéin an tsolais. Is ea, scanraigh sé muintir an tí sin nuair a chonaiceadar an crot a bhí air. Tháinig teachtaire éigin don dtig sin ag triall ar a chuid éadaigh lá arna mháireach. D’fhiarthaigh Mac Uí Shúilleabháin don dteachtaire an raibh aon scéal nódh ag an mbacach dóibh, nú an rug aon chás cruaidh air. Dúirt an teachtaire leis go ndúirt sé gurb é an cás é ba chrua a rug riamh air. Is é a bhí tuillte aige, mar ná fuil éinne ar an saol ná go bhfuil saghas éigin scéal aige¹.

Footcroft an máistir scoile a bhí anso ages na Sasanaigh², dúirt sé gur minic a chuala sé síos i lár na hÉireann: “Ash green would make a fire for the Queen,” agus bhí an ceart ráite ann, mar tá an fhuinseog ghlas comh maith do thine is a bhí riamh age duine.

¹ c.f. TIF 2412B ‘The Man Who Had No Story’.

² .i., ‘Protastúnaigh’

77. Duine ná raibh éinní ag déanamh mearthail do¹

7.1.45

CBÉ, 967: 201-203

Bhí beirt dhaoine uaisle i dteannta a chéile fadó, agus dúirt duine acu leis an nduine eile ná raibh éinne ar an saol ná go raibh rud éigint ag déanamh mearathail do, agus dúirt an duine uasal so leis go raibh amadáinín age féin, agus ná raibh aon rud ag déanamh mearthail do.

“Do chuirfinn geall go bhfuil rud éigint ag déanamh mearathail do,” arsa an duine uasal.

Do glaodh ar an amadáinín.

“Cogar,” arsa an stróinséir leis, “an bhfuil éinní ag déanamh aon mhearthail duit?”

“Níl, a dhuine uasail,” arsa é sin.

“An bhfuil aon eagla agat roim éinní ar an saol?” arsa é sin.

“Ó, a dhuine uasal, tá. Nuair a bhím ag dul ’on bhaile mhór, tá *turkeys* agena leithéid ’o dhuine ar thaobh an bhóthair. Tá *turkey* mór ann, agus is dócha gurb é a dh’íosfaidh mé. Táim scanraithe roimis.”

Bhí duine uasal eile ann, agus do bhí amadáinín aige, agus do bhí cána ag an nduine uasal, agus ní stadadh an ’madáinín ach ag féachaint ar an gcána.

“Tá ana-dhúil insa chána agat,” a deireadh an duine uasal leis.

“Dhé, tá a mháistir,” a deireadh sé.

“Bhuel,” arsa an duine uasal, “má dh’fhaigheann tú aon ’mhadáinín níos mhó ná tú fhéin, gheobhaidh tú an cána.”

“Ní fhéadfainn aon ’mhadáinín a dh’fháil níos mhó ná mé fhéin,” arsa é sin.

“Bí ag cuardach,” arsa an duine uasal, “is b’fhéi’ go bhfaighfeá.”

¹ Tá an píosa céanna seanchais le fail in §19 | CBÉ, 1035: 176-179 ach an insint a bheith beagáinín difriúil.

“Níorbh fhada ina dhia’ san go mbuail an duine uasal breoite, agus bhí sé tugtha suas chun báis – bhí na seirbhísigh ar fad ag dul ar a thuairisc, ach dh’fhiarthaigh duine acu lá don ’madáinín an gcuaigh sé ar thuairisc an mháistir fós. D’fhiarthaigh sé cá raibh an máistir. Dúirt sé leis go raibh sé ar an leabaidh. Do chuaigh sé ’on tseomra, agus do bhí an duine uasal sa leabaidh.

“Cad atá ort?” arsa an t-amadáinín.

“Á, táim chun a bheith ag fágaint na háite seo,” arsa an duine uasal.

“Agus cá raghaidh tú?” arsa an t-amadáinín.

“Táim ag dul in áit eile,” arsa é sin.

“An rabhais cheana ann?” arsa é sin.

“Ní rabhas,” arsan duine uasal.

“Agus an bhfeadairís gadé an saghas áite é,” arsa an t-amadáinín.

“N’fheadar,” arsa an duine uasal.

“Is ait an duine thú,” arsa é sin, “agus a bheith ag dul ann, agus an áit mhaith atánn tú ag fágaint id dhiaidh, agus ní fheacathars riamh é, agus n’fheadaraís cad atá romhat ann. Is mó do ’mhadáinín tusa ná mise.”

Bhí an cána ar dtaobh istigh don nduine uasal. Do rug sé ar an gcána, agus do shín sé go dtí an ’madáinín é.

78. *Buatais óir i gCaisleán Ghriaire*

[?].1.46

CBÉ, 979: 179-180

Nách simplí a bhíodh daoine fadó. Bhí stuaic ghainimhe thíos insa Chaisleán. Bhítaí ag tarrac ghainimhe as. Ach bhíodh an ghaoth is na héinní á luíodú. Bhí sé luíodaithe ana-mhór sa deireadh. Ach tháinig oíche ghaofar nár fhan pioc do le chéile. Ach d'éirigh bean ar maidin tamall bhuaidh. Chonaic sí leibhéaltha é. Chuaigh sí ag féachaint air, is cad a bhí ann ach amháin buatais lán d'ór. Ní bhíodh buataisí age éinne an uair sin ach amháin age daoine uaisle. Bhí tiarna talún thíos, is d'ardaigh sí léi an bhuatais – ‘buatais’ eile ab ea í fhéin.

“A dhuine uasail,” arsa í sin, “is dócha gur tú a chaill an bhuatais seo.”

“Is me go díreach mhuisse,” arsa an duine uasal, “cá bhfuairis í?”

Nárbh í an óinseach í. D'fhág sí aige an bhuatais. Bhí bun go brách uirthi, is ar a dtiocfadh ina diaidh.

79. *Fear simplí sa Daingean*

[?].5.45

CBÉ, 968: 548-550

Nuair a tógadh sáipéal an Daingin, bhí rud simplí sa Daingean, agus bhí ceárdaí éigin in airde sa bhfuinneoig barra, agus ní raibh a fhios age éinne in Éirinn nú go raibh an fear simplí laistiar do.

“Léim amach anois,” arsa é sin – bhí sé ullamh chun é a chaitheamh síos.

Stad sé.

“Léimfeadh éinne amach,” arsa ceárdaí, “ach fan go gcífidh tú ag léimeadh in airde mé.”

“Seo leat mar sin is dein é,” arsa é sin.

Lig sé leis, ach níor fhill an fear eile. Nár thapaidh an cuimhneamh a dhein sé, agus ní dhéanfadh mara mbeadh go raibh sé dhá bhliain ag obair in *asylum*, agus bhí taithí aige orthu.

Ned Walsh, agus an fear as a mheabhair

Bhí peidléir, Ned Walsh, ag siúl ar an mbaile seo. Ghaibh sé isteach i dtig lá, agus bhí fear istigh, agus corcán mór leitean déanta aige. Thóg sé an corcán don dtine. Fuair sé grafán.

“Is ea,” arsa é sin, “caithfir gach aon phioc di sin a dh'ithe, nú scoiltfidh mé leis an ngrafán tú.”

“Is ormsa ’tá an t-áthas í a dh'fháilt,” arsa an peidléir.

Fuair sé spíonóg mhór. Ní mór an lámh a bhí déanta in aon chor aige nuair a tháinig capall is cóiste ’dtí an doras. Pílears a bhí ann. Bhí fios ar na pílears chuige. Ghreamaíodar é, is cheangalaíodar é. Thógadar leo é. Nách leis a bhí an seans, agus a mheabhair a chimeád, agus an fear eile ag faire air leis an ngrafán.

Níl aon phráta, a deir siad, ná go bhfuil súil chaoch ann, bunoscionn le súil na tóna¹. Bhíodh prátaí ag meath ana-mhór fadó. Bhídís ag faire, a d'iarraidh iad a chur Aoine an Chéasta chun ná meathfaidís.

1 l.s. 'thúna'

80. *An fear bocht a sheasaimh deoch don bhfeirmeoir mór*

6.1.45

CBÉ, 967: 171-173

Do bhí fear bocht ann fadó ar chónagar an Daingin, agus do bhí muirear air. Ní raibh aon tslí bheatha aige. Ach do chuaigh sé lá 'on Daingean, is ní raibh aige ach aon scilling amháin. Do cheannaigh sé luach cúpla pingin do thobac, agus do líon sé a phíp. Do dhearg sé í. Nuair a bhí sí dearg aige, do chonaic sé bhuaidh ar an sráid feirmeoir. Bhídís ana-mhór lé chéile nuair a bhí an saol go maith. Do dhein sé féna dhéin, agus do bheannaigh sé dho, agus do bheannaigh an feirmeoir do san. Shín sé a phíp chuige. Do thairrig sé í. Nuair a bhí sé sásta dhi, shín sé chuige arís í.

“Téanam,” arsa an duine bocht.

Tháinig dhá shúil don bhfeirmeoir. D'ardaigh sé isteach leis é, is ghlaoigh sé ar dhá ghloine fuiscí. Bhí fuiscí saor san am san. Nuair a dh'óladar an gloine, do dhearg sé a phíp arís, agus do shín sé go dtí an bhfeirmeoir é. Do thairrig an feirmeoir a phíp. Nuair a bhí sé sásta dhi, do shín sé chuige í.

“Tá sé in am againn a bheith ag imeacht,” arsa é sin.

“Fan,” arsa an fear bocht, “go mbeidh deoch an doiris againn.”

Tháinig dhá shúil don bhfeirmeoir.

“I gcuntais Dé,” arsa é sin, “conas 'tánn tú ag maireachtaint?”

“Dhé, táim ag breacadh liom,” arsa an duine bocht, “an fhaid a bheidh fiacha cloch mhine agam,” arsa an duine bocht, “beidh agam.”

“Is geairid lé dul ortsa,” arsa é sin, “cloch mhine. Fhéach an mbeadh aon chairt ag gabháilt an bhóthair chun do thí.”

Do chuaigh sé 'on doras. Do chonaic sé cairt a bhíodh ag gabháil chun a thí. Do glaodh ar fhear na cairte. Do cuireadh paca mine isteach 'on chairt chuige.

“Conas a dhíolfaidh mé as so?” arsa an fear bocht.

“Má théann an saol i bhfeabhas, b'fhéi' go ndéanfá,” arsa an feirmeoir, “is maran raghaidh, beidh sé maite dhuit. B'fhéi' gur mhaith an t-anlann dod chlann braon do phairseach plúir.”

Chuir sé ceathair nó cúig do chlocha plúir isteach 'on chairt chuige. D'ardaigh fear an chapail leis é, is bhí sé tagaithe go dtí an dtig sara dtáinig an fear bocht, ach nuair a tháinig an fear bocht, dúirt sé léna mhnaoi císte plúir a dhéanamh.

“Ní dhéanfaidh mé,” arsa í sin.

“Dein,” arsa é sin, “n’fheadaraís cad cabhair Dé,” arsa é sin.

Lá arna mháireach, do dh'oscail Hussey¹ obair ar *draineacha* síos insa sléibhte, is do chuaigh sé féin, agus beirt mhac do ag obair ann, agus mara mbeadh an seans a bhuail leis, ní fhéadfaidís dul ag obair ann mar ná beadh éinní acu lé n-ithe. Á gcinneodh sé a scilling, agus í a chinneáilt ina phóca gan éinní a thabhairt don bhfeirmeoir, bhí sé comh hainnis is a bhí sé riamh ag teacht abhaile.

¹ 'Aidhbhéardach talún' ab ea é seo dar le fo-nóta ó SÓD.

81. *Alright landlady*

4.3.45

CBÉ, 968: 163-165

Bhí fear ann fad, agus do chuaigh sé isteach go tig ósta, agus do dhíol sé as deoch do thriúr.

“Geobhaimid isteach ar a ballach,” arsa é sin, “agus ná bíodh aon dearúd ort ná go bhfuil díoltha agam as an ndeoch san.”

D’imigh sé, agus do chuaigh sé go dtí tig eile, agus do dhíol sé as deoch do thriúr.

“Ná bíodh aon dearúd ort,” arsa é sin, “ar a ballach ná go bhfuil díoltha agam as san.”

“Ó, ní bheidh,” arsa bean an tsiopa.

Chuaigh sé go dtí an tríú tig, agus do dhein sé an rud céanna. Do bhuail sé amach, agus do bhuail beirt b[h]uachaillí leis. Do chuaigh sé isteach ’dtí an chéad tig, agus dúirt sé léi deoch a líonadh amach chúthu. Do dhein. Nuair a bhí an deoch óltha acu, do bhain sé dho a hata. Do thairrig sé stiall don hata ar an gcontúirt.

“Alright landlady,” arsa é sin.

“Alright,” arsa é sin.

Bhuaileadar amach. Chuadar go dtí an tarna tig, agus do ghlaigh sé ar an ndeoch, agus nuair a bhí an deoch óltha acu, bhain sé dho a hata, is thairrig sé stiall ar an gcontúirt.

“Alright landlady,” arsa é sin.

“Oh, alright,” arsa é sin.

Bhí iontas ar an mbeirt bhuachaillí. Do chuaigh sé ’dtí an tríú tig, agus do ghlaigh sé ar deoch ’dtí triúr acu. D’óladar an deoch, agus nuair a bhí an deoch óltha acu, thairrig sé stiall don hata ar an gcontúirt.

“Alright landlady,” arsa é sin.

“Oh alright,” arsaí sin.

Bhuaileadar amach.

“On diabhal,” arsa duine acu, “conas ’tánn tú ag fáilt deoch ar an gcuma san?”

“Ó, níl aon áit go mbuailfeadsa an chontúirt léim hata,” arsa é sin, “ná go mbeidh an scéal go maith.”

“On diabhal go mb’fhearra dhuit é a dhíol liom,” arsa é sin.

“Ní dhíolfaidh mé,” arsa é sin.

Bhí sé ag gabháilt do. Sa deireadh thiar thall, do bhog sé é. Fuair sé punt ar a hata, agus hata nódh. Níorbh fhiú raol an seana-haitín. D’imigh san. D’imíodar óna chéile. Ní fada a chuaigh nuair a ghlaoigh sé isteach ar bheirt bhuachaillí. Ghlaoigh sé deoch go dtí triúir acu, agus nuair a bhí an deoch ólta acu, bhain sé dho a hata.

“Alright landlady,” arsa é sin.

“Cad é an *alright* athá ort?” arsa an *landlady*.

Chaith mo dhuine bocht díol as.

82. *Airgead i dtaisce i seana-chiteal*

31.12.44

CBÉ, 967: 42-43

Bhí fear bocht fadó ann, agus bhíodh sé ag fáil b[h]áis leis an ocras. Nuair a ghaibheadh an sagart an bóthar, bhíodh sé roimis ag lorg cabhair air. Bhí botháinín beag aige fhéin ar thaobh bóthair. Ach do cailleadh é. Ní raibh éinne ina dteannta ach é fhéin. Do bhailimh buachaillí an bhaile isteach, agus do shocraíodar ar an mbord é. Bhíodar ag glanadh an tí ansan. Is dócha go dteastaigh sé bhuidh. Bhí seana-chiteal thuas insa chúinne ná raibh aon lámh air.

“Caith amach an doras é sin,” arsa duine acu le duine eile.

Rug sé ar phíp air, is ní fhéadfadh sé é a chorraí.

“Tá an diabhal anso istigh,” arsa é sin, “ní fhéadfainn é a bhogadh.”

D'osclaíodar é. Is amhla a bhí sé lán do *sovereigns* agus do *leath-sovereigns*. Thugadar go dtí an sagart é. D'fhéach an sagart air. Niseadar do conas a fuaireadar é.

“Tógaídh libh é,” arsa é sin, “ní bheidh aon lámh agam ann. Ní fearrde d'aon áit go ngeobhadh sé. Ach féachaídh i gceart air,” arsa é sin, “níl aon phíosá dho san ná go bhfuil pictiúir an chroí ann má thugann sibh fé ndeara é,” arsa é sin. “Chonacsa é sin,” arsa é sin, “ag lúbarnaigh leis an ocras, agus ag teacht romham ag lorg déirce orm, is tógaídh as mo radharc é,” arsa é sin, “deinídh úr rogha rud leis.”

Is dócha gurb amhla a dh'óladar é.

83. *Dúil in airgead ag seana-mhnaoi*

31.12.44

CBÉ, 967: 38-41

Bhí baintreach mná fadó ann, agus do bhí mac aici. Do bhí sé posta, agus do bhí lán tí do leanaí aige. Ní raibh aon tslí bheatha aige, ach amháin a phá lae. Bhíodh sé ag imeacht fé mar a dh'fhaigheadh sé aon phingin lé tuilleamh, is níor mhór an tuilleamh a bhí ann san am san, ach bhí ana-thuairim airgid don máthair aige. Nuair a bhí an mháthair ag dul chun críonnacht:

“Mhuise,” arsa í sin leis an mac, “b'fhearr liom go mbeadh uaigh déanta agat dom.”

“Dhera,” arsa an mac, “nách maith an t-am í a dhéanamh nuair a chaillfear tú?”

“Ba mhaith liom í a dh'fheiscint sara gcaillfear mé,” arsa í sin.

“Is deacair liom,” arsa an mac, “mo phá lae a scaoileadh bhuam.”

“Ó, tabharfadsa do phá lae dhuit,” arsa í sin.

Ach chuaigh an mac, agus do dhein sé an uaigh, agus nuair a bhí an uaigh déanta dúirt sé léithi é.

Chuaigh sí ag féachaint ar an uaigh tráthnóna. Nuair a tháinig an mac:

“Bhíos ag féachaint ar an uaigh,” arsa í sin.

“An rabhais?” arsa an mac.

“Bhíos,” arsa í sin.

“Is an dtaithnigh sí leat?”

“Thaithnigh go hana-mhaith,” arsa í sin, “ach 'mhaith liom go mbeadh leac fém cheann.”

“Beidh san ann,” arsa an mac.

Fuair sé an leac ar maidin, agus do shocraigh sé fé cheann na huaighe é. Dúirt sé lé gearrchaile beag a bhí aige go raibh seana-chríonnacht inti a máthair chríonna a dh'fhaire inniubh ar gach aon chor a chuirfeadh sí dhi. Do dh'fhair. Bhí an tseana-bhean isteach agus amach, agus soir, agus siar fé mar a bheadh cearc a bheadh ag faire ar breith amuigh. D'imigh sí fé dhéin na huaighe sa deireadh, agus do lean an gearrchaile beag í, agus do thug sí aire mhaith ná cífeadh sí í. Nuair a chuaigh sí síos 'on uaigh, bhí sí as a cionn in airde. D'iompaigh sí an leac a bhí féna ceann, agus do réab sí léna lámha

poll thíos fén leac. Thairrig sí chúichi sparán, agus bhí sí ag caitheamh isteach *sovereigns*, agus leath-*sovereigns* sa pholl, agus do bhuail sí an leac anuas aríst air. Bhí an gearrchaile teite. Nuair a tháinig an t-athair tráthnóna, bhí an gearrchaile amuigh roimis.

“Ó a athair,” arsa í sin, “d’fhaireas mo mháthair chríonna go maith inniubh, agus chuaigh sí go dtí an uaigh, agus d’iompaigh sí an leac a bhí féna ceann, agus dhein sí poll síos léna láimh, agus chuir sí mórán Éireann do chnaipí beaga deasa síos ann.”

“Tá go maith,” arsa an t-athair.

D’imigh sé, agus is amhla a bhí sé lán do *sovereigns* is do leath-*sovereigns*. Thóg sé aníos iad. Shocraigh sé an leac aríst. Chuaigh sí lá arna mháireach ag féachaint air. Bhí an t-ór imithe. Bhí gach aon ologón aici. Thug sí an lá ag screadaigh. Nuair a tháinig an mac tráthnóna:

“Ó i gcuntais Dé,” arsa a bhean, “má bhí aon lámh agat in éinní léi siúd, tabhair bhuit é.”

“Ní thabharfad mhuisse,” arsa an mac.

“Á, tabhair bhuit é,” arsa í sin, “nó imeoidh sí as a meabhair.”

Bhí sí ag gabháilt do. Thug sé dhi an t-ór nuair a cailleadh í. Ní raibh an t-ór lé fáilt san uaigh. Ní raibh sé lé fáilt in aon phioc don dtig. D’ordaigh sí nuair a bheadh sí caillthe gan a léine a bhaint di. Do baineadh an léine di, agus bhí córda thairsti amach, agus an sparán síos idir a dhá chois aici, agus na *sovereigns* istigh ann. An dóigh leat ná go raibh a croí istigh iontu?

84. *An Jaoman agus an tig óir*¹

[?].5.45

CBÉ, 968: 537

Bhí *Jaoman* ann fadó, agus bhí tig óir aige. Bhí doras iarainn ar an dtig óir aige, agus bhíodh sé á chomhaireamh go mion minic. Ceann dos na leathanta, chuaigh sé isteach á chomhaireamh, agus do dhún an doras air. Ní raibh aon fheiscint air ar feadh seachtaine nó coicís, agus bhíodhas á lorg. Ar deireadh thiar, cuimhníodh ar an dtig óir, agus osclaíodh an doras. Bhí sí marbh istigh anuas ar an ór. Fhéach nár chinnibh an t-ór ina bheathaidh é.

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh de chineál ATU 1305 “The Miser and His Gold” áirithe in TIF 1305 “Stories about Misers”. MI W153 a deirtear linn a bhaineann leis an gcineál seo.

85. *Céalacan fada ag fear sprionlaithe*¹

15.8.45

CBÉ, 977: 348-350

Bhí fear ar an mbaile seo. Bhaineadh sé an croiceann do g[h]adha[i]r, is leasaíodh sé é chun taoibhíní bróg. Chonaiceathas lá é, is é ar salann fé chloich aige, is goideadh é. Nuair a chuaigh sé ag triall air, bhí sé goidithe. Chuaigh sé ar a dhá ghlúin.

“Tarraimse ar D[h]ia,” arsa é sin, “an té a ghoid é, gurb é an lá is fearr a chífidh sé ar feadh a shaoil aríst é.”

Dhíol sé asal is dhein sé proifid ann. D’imigh sé lá arna mháireach chun an Leitriúigh síos, ag dul ag ceannach asail go mbeadh sé ag déanamh proifid dóibh. Dúirt sé ná raibh aon tseift ab fhearr ná iad. Shiúlaigh sé an Leitriúch ar fad go mbain sé amach Trá Lí. Is dócha gur mó asal a gheobhadh sé ar a shiúlta, ach go rabhadar ródhaor do. Nuair a tháinig sé ’on Daingean, bhí sé ag lúbarnaigh leis an ocras. Ní raibh aon ghreim ite aige ó éirí an lae roimis sin. Chuaigh sé isteach go dtí an Mainíneach a bhí sa Daingean, Tom Beag. Loirg sé luach pingine dh’arán air. Chuir sé an phingin ar an gcontúirt, agus chuir an Mainíneach amach luach na pingine dh’arán. B’fhearra dhuit luach pingine dh’arán an uair sin ná luach tistiúin anois.

“An bhfaighidh mé ach an méid seo?” arsa é sin.

“Tánn tú ag fáilt oiread is gheobhadh éinne,” arsa an Mainíneach.

“Trom mo phingin aríst,” arsa é sin.

“Dar go deimhin,” arsa an Máiníneach, “beidh aithne agam ort.”

Shín sé an phingin chuige.

“Ní bheidh,” arsa é sin, “mar ná cífir mise istigh ar feadh mo shaoil aríst.”

“Nár fheicfead leis mhuis,” arsa an Mainíneach.

Bhí sé babhta eile tréis a bheith ag spailpínteacht soir chun Trá Lí, ach nuair a bhí sé ag teacht abhaile, bhuail sé i leith chun ceann an ché, agus a ramhann ar an ngualainn aige. Bhuail fear ó

¹ Díreach in aice le ‘an *Jaoman* agus an tig óir’ thuas, tá leagan seo an Chriomhthanaigh de chineál ATU 1305 “The Miser and His Gold” áirithe in TIF 1305 “Stories about Misers”.

Chlochán Dubh so thíos leis, capall, is cairt aige.

“An bhfaighidh mé marcaíocht bhuit?” arsa é sin.

“Gheobhaidh tú,” arsa fear an Chlocháin Duibh, “ach téir isteach, is tabhair gloine fuiscí dhom.”

“Cad ’tá ar ghloine fuiscí?” arsa é sin.

“Tistiúin,” arsa fear an Chlocháin Duibh.

“Á, tá sé ródhaor,” arsa é sin.

“Is ea, déanfaidh leathghloine an gnó mar sin,” arsa fear an Chlocháin Duibh, “dhá phingin.”

“Tá sé ródhaor,” arsa é sin.

“Siúlóir ar an gCill mar sin,” arsa fear an Chlocháin Duibh.

Shiúlaigh sé i ndeabhaidh na cairte go dtáinig sé ar an gCill.

86. *Fiach dubh Chontae an Chláir*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 474-475

Tháinig fiach dubh ó Chontae an Chláir go Contae Chiarraí fadó. Bhuail fiach dubh ó Chiarraí leis.

“Are you where?” arsa fiach dubh Chiarraí leis.

“County Clare.”

“What’s there?”

“Dead horse.”

“Shall I go with you?”

“Oh no, there is nothing there but the bare bones.”

Tháinig an t-éad air.

Chuala scéal eile mar gheall ar fhear a bhí ar meisce ar dhroichead a bhí i gContae na Mí. Bhí sé ag cuir amach. Ghaibh pílear chuige. D’fhiarthaigh an *peeler* do gadé an ainm a bhí air, agus an raibh a fhios aige cá raibh sé, agus cad a bhí sé a dhéanamh. Bhí sé i gcruachás. Thug sé drochfhreagra air:

“My name is Tom O’Brien,” ar seisean,

“and I’m standing on the bridge of Meath,

I lost the keys of my arse,

And I’m shitting through my teeth.”

Is í ól na gloine Seirbh Ó Seirbhín,

is is é an té a cheannaigh í Meirg Ó Meirgín,

is is é an té a dhíol í Diabhailín ó Diabhailín,

agus is é an té a dhein í athair an toirmisc.

An rud a bhailítar ar dhrom an diabhair

Bhíodh fear ag siúl orainn anso thíos fadó le hasal. Ó Lios Deargáin ab ea é. Níl aon uair a thagadh sé ná bhíodh dó nú trí leathphint fuiscí aige. Thagadh Peaidí Connor a bhí anso thíos ar thórramh an fhuiscí. Bhí Peaidí Connor lá sa Daingean, agus bhí sé ag eachtraí d'fhear ó Lios Deargáin air gur mhórchroíoch an fear é. D'eachtraigh sé dho ar na leathphint.

“Tá san comh cruinn d'fhear,” arsa é sin, “ach áintí a bhí aige a cailleadh – bhí ualach mór airgid ina diaidh, agus aige sin a d'fhág sí é, agus is minic a thug sí ocras di féin ag bailiú an airgid.”

Ach dúirt sé go raibh sé bailithe róchruinn róbhocht chun é a chuir in aon chrích, ach é a chaitheamh le hól. Sin é mar a chaith sé an t-airgead ar fad. Tá sé ráite riamh, “an rud a bhailítar ar dhrom an diabhair, scaiptear féna bholg é.”

Labhair an t-airgead fadó, agus an bhfuil a fhios agat cad a dúirt sé:

“Ná beadsa age éinne, ach ag an té a thabharfaidh aire dhom, agus an té a bhaileoidh me, ní hé a chaithfidh me.”

87. *Mac duine uasail a scaip a chuid airgid*¹

12.11.44

CBÉ, 966: 152-154

Bhí duine uasal fadó ann. Bhí sé ana-shaibhir. Aon mhac amháin a bhí aige. Dhera, ardsportaer, cuileachtaí. N’fheadair éinne cad a chaitheadh sé. Bhíodh an t-athair ag gabháilt do.

“Beidh tusa dealbh fós,” a deireadh an t-athair leis, “agus nuair a bheir,” arsa é sin, “ní dh’fhéachfaidh éinne acu san ort,” leis na cuileachtaí² go mbíodh sé ina dtreo.

Níorbh aon ní dho a bheith ag gabháilt do. Ach nuair a bhí sé ag dul chun báis, an t-athair:

“Cogar,” arsa é sin, “ná bain an glas dona leithéid seo ’o sheomra. Sid í an eochair anois,” arsa é sin, “a bhainfidh an glas do, agus ná bain an glas do nú go dtabharfaidh tú oíche id chodladh, id throscadh, ná beidh éinní agat lé n-ithe.”

Cailleadh an t-athair, is níorbh éinní riamh é go dtí san, ag spórtáil³. Níorbh fhada go raibh sé ag dul chun deiridh, agus ná raibh éinní sa deireadh aige. Más ea, ní dh’fhéachfadh éinne dos na cuileachtaí a bhí riamh aige air ná ní bheannóidís do. Sin é nuair a bhí sé ag cuimhneamh ar an athair. Ach tháinig oíche ná raibh aon ghreim aige lé n-ithe. Do chuaigh sé a chodladh ina throscadh, is ní haon chodladh a thit air, ach ag faire cathain a bheadh an lá aige. Nuair a tháinig an mhaidean, do bhain sé an glas do dhoras an tseomra⁴, agus d’oscail sé é. Chonaic sé stól i lár an tí, agus téadán ar silleadh anuas, agus lúb air.

“Is ea,” arsa é sin, “bhí an ceart age m’athair gurb í an chroch a bhí tuillte agam.”

Chuaigh sé in airde ar a stól. Do chuir sé an lúb ar a mhuineál sásta lé é féin a chrochadh. Nuair a léim sé don stól, ghluais an chomhla leis. Seo anuas an t-ór, agus an t-airgead. Sin é nuair a chaoin sé an t-athair. Bhailimh sé suas é, níorbh fhéidir é a chomhaireamh. I gcionn seachtaine, níorbh é an fear céanna in aon chor é. Ní fada go rabhthars ag beannú dho, agus ag bladar leis. Má bhíothars, ní dh’fhéachfadh sé ar éinne acu. Má gheobhadh sé an t-airgead, agus an t-ór ón athair an chéad lá,

¹ Tá leagan seo de chineál AT 910 E “Father’s Counsel: Where the Treasure is” áirithe in TIF.

² Bheimist ag súil le ‘cuileachtaithe’, .i., iolra an fhocail a deirtear mar ‘cuileachtaí’ thuas.

³ .i., i mbun spóirt.

⁴ I.s. “dhon ndoras an tseomra.”

gheobhadh sé tríd fé mar ghaibh sé tríd an gcuid eile. Bhí sé ina fhear saibhir an chuid eile dhá shaol.

Ciacu iontas ba mhó?

An dúlra - aimsir, fás, agus séasúir

88. *An t-aiteann Muire*¹

8.4.45

CBÉ, 968: 387-388

Tá an t-aiteann Muire ag fás insa chnoc, agus deir siad go bhfuil ana-bhua aige. Ach ní haon ionadh bua a bheith aige, is é a chuir ár Slánaitheoir fé chosa a mháthar. Dá mbeifeá ag lorg éinní, pé rud a bheadh bhuaite, gheofá brainse don aiteann Muire, agus níl aon bhaol ná go mbuailfeadh an rud leat a bheadh agat á lorg, caíora nó aon rud, bhí sé fachta agat.

Do bhí m'athair críonna-sa, do bhí dhá chaíora imithe bhuaidh, agus d'imigh sé fhéin agus buachaill eile. Bhí blúiríocha déanta dhon gcnoc aige. Dúirt sé go raghadh sé go Cnoc Bréanainn, go mb'fhéi' gurb ann a bheidís. D'imíodar. Thugadar an lá thuaidh ar Chnoc Bréanainn, agus ní bhfuairadar. Ach bhíodar ag teacht abhaile tráthnóna, agus iad ag gabháilt aníos cnoc Chathair Scoilbín. Do bhuaile brainse aiteann Muire leo.

“Tá scéal nódh agam,” arsa m'athair críonna. “Ní bhfuairas riamh brainse dho san ná gheobhainn an rud a bheadh bhuaite go dtí inniubh.”

Do bhuaile sé chuige an brainse, agus do shuíodar ar thurtóg, agus pé súil a thug sé, do chonaic sé i ngiorracht deich ramhainne² dho dhá chaíora. Is iad a bhí ann, agus blúiríocha déanta dhon gcnoc le fada roimis sin aige. B'shin scéal fíor.

Ní fheaca riamh aon bhlúire dho ite ag ainmhí. Chuireadh cuid acu ina gcaipíní é lá 'le Muire, an té go mbuailfeadh sé leis, ach dá raghfá á lorg, ní bhfaighfeá é.

Tá sé ráite riamh nach ualach do dhuine a bhrat, a mhaide, ná a scian.

¹ “Planda beag (50-150 mm) cosúil le caonach téagartha, ach is ball de na Lycopsidea é, gaol sínte do na raithnigh. Tá duilleoga beaga simplí mórtimpeall an ghais ghéagaithe, agus bíonn na spóragáin in ascaillí na ngnáthduilleog. Tá sé scaipthe ar na sléibhte, suas go dtí na beanna is airde. ‘Crúibíní sionnaigh’ ainm eile ar an bplanda seo”, (Uí Chonchubhair, 1998: 43). Tá an teagmháil a bhí ag an Slánaitheoir agus an Mhaighdean Muire le crainn, toir, luibheanna agus plandaí ina ghné tábhachtach de phlé Phádraig Uí hÉalaí ar an Slánaitheoir sa traidisiún (2012: 175-212).

² l.s. 'raighne'

89. *Luibh chuntúrthach á bhaint*

[?].7.44

CBÉ, 936: 556-567

San am go raibh na luibheanna á bhaint fadó, chuala go raibh luibh ann ná tairrigíodh éinne, gurb amhla go [g]ceanglaítí d'earball madra í. Bhí sí comh dainséarach san. Baile na Leacan atá thíos insa Leitriúch, bhí fear ansan, agus bhí a shláinte caillthe aige, ach bhuail sé lé m'athair lá, is d'fhiarthaigh sé do conas a bhí sé.

“An t-iomard atá ag gabháilt domhsa,” arsa é sin, “ní féidir é a leigheas mar níor fhás tor lus mór riamh ar an mbaile,” arsa é sin.

Nár bh ait an rud é sin, agus an lus mór ag fás sa doras¹ acu. Is dócha gurbh amhla a bheadh leigheas ann á mbeadh sé ag fás ar an mbaile.

An lus mór. Sin é go mbíonn méireacáin na bpúcaí air. Bhíodh Séamus Ó Finn a bhí ar an mbaile seo ag imeacht in aonacht leis na púcaí mar is dealraitheach ná féadfaidís einní a dhéanamh gan duine beo a bheith ina dteannta.

1 l.s. 'dóra'

90. *Ní bhfuaireas gaoth riamh le linn mo ghátair*

18.3.45

CBÉ, 968: 233-234

Bhí fear ar an mbaile seo fadó. Do bhí coirce buailthe aige. Do bhí sé ag faire go ngeobhadh sé lá go mbeadh gaoth ann chun é a cháthadh. Tháinig tráthnóna, agus bhí siodaráil mhaith ghaoithe ann. Arsa é sin lá léna bhean:

“Tá gaoth mhaith anois ann chun an coirce a cháthadh. Béarfaidh mé amach é.”

“Beir,” arsa í sin.

Thug sí amach an coirce agus ceairn a bhí an uair sin ann a bhíodh déanta do chroiceann caorach. Thug sí léithi an cheairn agus líon sí é. Lé linn í a líonadh, do chiúnaigh an uain, agus bhí sí ina seasamh. Sa deireadh, do chaith sí bhuaithi an cheairn.

“Ní bhfuaireas gaoth riamh le linn mo ghátair,” arsa í sin.

Chaith sí bhuaithi í, agus seo isteach abhaile í. Ní fada a bhí sí istigh nuair a shéid an ghaoth, is bhí na tithe á dh’fhuadach.

“Sin gaoth le linn do ghátair agat,” arsa a fear.

Bh fear eile tamall suas i dtig beag. Deireadh sé i gcónaí ná raibh an diabhal in aon chor ann. Do bhuail sé anuas, ag féachaint conas a bhí an baile. Le linn é a theacht anuas, tháinig gála gaoithe, agus do thóg sé an cheairn, agus do bhuail sé thíos ar an gclaí é. Seo suas an bóithrín é, agus bhí *rattle* thall agus *rattle* abhus ag an gceairn, agus é ag cuir do. Ní mór ná gur bhris sé isteach an doras.

“Cad ’tá ort?” arsa a bhean.

“Ó, tá an diabhal im dhiaidh,” arsa é sin, “ó dh’fhágas an sconna¹”

¹ I.s. ‘scunna’. ‘eas’ an míniú a thugann SÓD i bhfo-nóta, ciall a thagann leis an triú fo-chiall a cuireadh faoin iontráil

“Ná deireann tusa,” arsa í sin, “ná fuil an diabhal in aon chor ann?”

“Ó, tá go siúráltha,” arsa é sin.

91. *Seanchas ar ghaoth mhór*

[?].1.46

CBÉ, 979: 184-187

Oíche na Gaoithe Móire anso fadó, chloisinn m'athair críonna ag eachtraí uirthi¹. Deireadh sé ná fágadh aon scolb ar aon tig ar fuaid an Pharóiste, ach ar a thig féin. Thug sé an oíche go maidean ag caitheamh usice air, agus ba throm an sioc é. Comh luath is a chaitheadh sé an t-uisce in airde, bhí sé ina leac oighir. Bhí coinnele ag reo go talamh ar an dtig ar maidin. Nár mhór an obair do seasamh. Bhí sé ar fuaid na hÉireann ar fad. Séideadh gach aon rud. Níor chuala gur maraíodh éinne. Ach do chloisinn m'athair ag rá gur chuala sé oiread gaoithe aon oíche amháin i Mullach Bhéal is nár chuala sé riamh ar an gCill ó saolaíodh é, is í ag bailiú i dteannta a chéile. D'fhan sé oíche thíos ann, tráthnóna ana-bhreá, agus an tig ab uachtraí ar an mbaile – gach aon tig ar an mbaile, chuirfá súbáin orthu gan aon dréimire – ach an tig ab uachtaraí ar an mbaile, bhí cairt sa bhuaile is í lán do chlocha. Níl aon oíche a ghaibheadh sé síos Mullach Bhéal ná bídís á stracadh óna chéile chun é a chinneáil an oíche sin. Chuaigh sé isteach i dtig fear dos na Breathnaigh a bhí tamall síos.

“An bhfuil aon scéal nódh agat?” arsa an Biornach².

“Níl,” arsa é sin, “ach scéal atá agam ó thana ar an mbaile seo. Cá bhfuil na clocha á cheannach go gcífinn an chairt déanta suas le clocha age Seán Deas?”

“B'fhéidir,” arsa an Biornach, “go bhfaigheadh sé ceannaitheoir ar an mbaile seo fé

¹ Stoirm a raibh tuairiscí le fáil uirthi ar fud na hEorpa, agus a raibh an méid seo a leanas le léamh in alt a foilsíodh in *Irish Geography* sa bhliain 1989 agus a cuireadh ar fáil ar shuíomh Sheirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta na hÉireann: “Local anecdotal memories have survived to this day in folk tradition, and some are recorded among general weatherlore in the archives of the Irish Folklore Department, University College... There was nothing very unusual about the weather immediately preceding 6 January 1839 – it was mainly dull and cold, with snow showers. In the early part of Sunday 6 January Dublin was very calm and gloomy. Around three o'clock in the afternoon a light breeze sprang up and it started to become noticeably warm. When the wife of the vicar of Sword in Co. Dublin was going to church on Sunday evening the night was very calm and the air felt like air in a hot house'. By nine o'clock in Dublin it was blowing a westerly gale which had turned to a strong gale by midnight, and raged as a "hurricane" between two and four o'clock on Monday morning (Cameron, 1856; Howard, 1839). All over the country the same pattern was being repeated strong winds arising late on Sunday evening, developing to hurricane force and raging from about midnight until the small hours, and finally subsiding at about five o'clock on Monday morning. Daybreak revealed scenes of great devastation,” (Shields agus Fitzgerald, 1989: 32). c.f. CBÉ, 65: 103 mar a deir Maighréad Nic Cárthaigh ó Chaladh na Muc sa Ghaillimh linn “gur scaibeadh trí cocaí féir as iothlann anseo agus go bhfuarthas taobh thall de loch Coiribecuid de.”

² I.s. ‘Biornach’ tríd síos.

mhaidean.”

Ní fada don oíche gur shéid sé. Ach chuadar amach, is chuireadar dréimire leis an dtig.

“Ciacu is fearr leat dul ’on dréimire,” arsa an Biornach le m’athair, “ná dul ag tabhairt na gcloch leat?”

“Is fearr liom dul ’on dréimire,” arsa m’athair, “mar ná feadar cail na clocha.”

Chuaigh sé ’on dréimire, is bhí na clocha á shíneadh chuige. Níorbh fhada go raibh pé acu¹ hata nú caipín, is tugadh chuige é. D’fháisc sé go maith ar a cheann é, is níorbh fhada go raibh sé séidte dho. Do ghearán sé aríst. Bhí an oíche ana-fhuar. Do tugadh caipín oíche chuige. Do thairrig sé an caipín oíche anuas ar a shúile mar níorbh aon chabhair ‘uit aon tsúil age doircheacht. Má thairrig, do baineadh an caipín do.

“Tá súd imithe aríst,” arsa é sin leis an mBiornach.

“Má tá,” arsa an Biornach, “tair anuas go tapaidh.”

Tháinig sé anuas, is bhíodar tamall maith ar an dtinteán. Ag éiriú air a bhí. Chuadar a chodladh sa deireadh, is má chuadar, ní haon chodladh a thit ar m’athair. Ach nuair a chonaic sé aon ghealas beag, d’éirigh sé. D’oscail sé an doras, agus as choinnibh an doiris amach, chonaic sé fé mar a bheadh an duine ag bagairt air. Dhún sé an doras go tapaidh, agus d’fhan sé ansan nú go raibh sé geal go maith, agus cad a bhí, ach amháin an chairt go raibh na clocha inti tráthnóna roimis sin curtha anuas, agus an leathchlaí briste. An roth a bhí in airde, sin é a bhí ag casadh leis an ngaoith, is mheas sé gur duine a bhí ag bagairt air.

“Is ea, a Sheáin,” arsa an Biornach, “conas ’tá an áit amuigh?”

“Tá cairt Sheáin deas,” arsa é sin, “tugtha go Béal an Doiris chughatsa, á méid clocha a bhí inti.”

Á, dúrtsa leat,” a dúirt sé, “go bhfaigheadh sé ceannaitheoir, b’fhéidir, fé mhaidean.”

¹ l.s. ‘peocu’

92. *Sneachta um Nollaig fadó*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 159-160

Thit sneachta trom ar an mbaile seo fadó riamh. Bhí sé comh trom san ná féadfadh éinne ón mbaile dul 'on Daingean ag triall ar éinní i gcomhair na Nollag, ach bhí fear óg ar an mbaile. Bhí sé leathaerach. Dúirt sé go dtabharfadh sé fhéin lón na Nollag go dtí an mbaile ar fad. Níor mhór é an lón sa tsaol san, leathunsa té agus leathphunt siúicre, b'fhéidir. Cuireadh scéala ar fuaid an bhaile go raibh sé ag imeacht, agus chuir gach éinne a theachtaireacht féin air. D'imigh sé, agus an chliabh thiar air. Ní raibh an bóthar siar an uair sin. An Seana-Mhám amach a ghaibh sé tríd an sneachta. Nuair an tháinig an tráthnóna, shéid sé ar shneachta a cháthadh aríst, agus bhí muintir an bhaile ag faire amach, a fhéachaint an bhfeicfidís ag teacht é. Sa deireadh thiar thall, do chonaiceadar an Seana-Mhám anuas chúthu é, agus é i bhfoirm coca féir. Chuaigh triúr ná ceathrar air ina choinne agus iad ag déanamh air, thit sé. Bhí sé traochta ag an sneachta. Thugadar leo é, agus thugadar isteach i dtig ar an mbaile é, agus bhuaileadar síos tine bhreá, agus chuireadar cois na tine é. Bhí tamall ann sara dtáinig sé chuige féin, ach nuair a chuadar 'dtí an gcléibh, ní raibh aon teachtaireacht riamh a cuireadh air ná raibh sa chléibh.

An t-osnádúr - piseoga, draíocht agus an saol eile

93. *Áit go bhfaigheann gach éinne ann*

8.12.44

CBÉ, 966: 518-521

Ghaibh bean siúil go dtí tig feirmeora fadó lé luí na hoíche. Cuirim i gcás gurb ar an mbaile seo é, agus d'iarr sí a bheith istigh. Dúirt bean an tí léi ná féadfadh sí í a fhágaint istigh, ach bualadh an bóithrín sin síos, agus nuair a bheadh sí síos ag déanamh ar a bhun, go raibh bóithirín eile ag casadh suas, agus go raibh tig ansan nár chuir amach éinne riamh, go ngeobhadh sí lóistín na hoíche ann. D'imigh an bhean bhocht agus leanbh ar a baclainn aici, agus do bhuail sí síos. Do ghaibh sí suas an bóithrín. Do bhí tig ansan istigh roimpi. Chuaigh sí isteach. Bhí tine ann. Ní raibh istigh roimpi ach bean.

“Is ea,” arsa an bhean, “cad a stiúraigh anso tú?”

“Bhíos insa tig úd thuas,” arsa í sin, “ag lorg lóistín, agus dúirt sí ná faigheann éinne istigh, ach go raibh tig anso, a dh'fhaigheann gach éinne istigh, go bhfaigheann gach éinne lóistín ann.

“Tá gach éinne ag fáilt lóistín ann,” arsa í sin, “agus b'fhéidir nách fada go ngeobhadh sí sin leis lóistín ann.”

Do fuair sí bainne dhon leaba, agus fuair sí leaba chun dul a chodladh, agus ní rabhadar ach luite sa leabaidh nuair a thit a gcodladh orthu. D'fhanadar ansan go maidean. An fuacht a dhúisigh ar maidin í. Ní raibh éinní fúithi ach amháin an féar glas¹. D'éirigh sí. Roilig ab ea é, agus ghaibh sí amach, agus nuair a tháinig sí amach ar an mbóthar, do bhuail an sagart léi.

“Cad a thug ansan isteach tú?” arsa an sagart.

“Dhera, bhíos insa tig úd thuas aréir,” arsa í sin, “ag lorg lóistín, agus dúirt bean an tí liom ná féadfadh sí aon lóistín a thabhairt dom, ach go raibh tig anso a thugann lóistín dos gach éinne. Do thána,” arsa í sin, “agus bhí tig romham ann. Aon bhean amháin a bhí ann, agus d'fhiarthaigh sí díom cad a stiúraigh anso mé. D'inseas di gurb í bean an tí thuas a stiúraigh

¹ c.f. §94 | CBÉ, 966: 534-535, mar a bhfuil trácht i gcomhthéacs eile ar fhoirgnimh a bheith ag dul ar ceal.

ann mé, go bhfaigheann gach éinne lóistín ann, agus dúirt sí liom go mb'fhéidir nách fada go bhfaigheadh sí sin leis lóistín ann. Do thug sí bainne dhom lé tabhairt don leanbh” arsa í sin, “agus leaba mhaith chun codlata, agus thit mo chodladh láithreach orm fhéin, agus ar a leanbh. Anois a dhúisíos,” arsa í sin, “is ná raibh fúm ach an féar glas.”

“Bhí an ceart aici,” arsa an sagart, “ní fada go mbeidh sí ar lóistín ann. Anois atáimse tréis an ola a chuir uirthi.”

Ní maith é an magadh.

94. *An Criomhthanach agus an Bhreasail*¹

10.12.44

CBÉ, 966: 534-535

Do bhí m'athair lá ag dul ó dheas thar cnoc, agus stad sé age barra an chnoic. Bhí sé ag féachaint timpeall. Chonaic sé ar dtaobh amuigh do bhéal an chuain na tithe, na garraithe, fé mar a bheadh aon bhaile. Thug sé tamall ag féachaint air. Bhí sé ráite nuair a dh'iompófá bhuaite ná cíféa níos mó é. Chuaigh sé ar an dtaobh eile 'o chnoc, agus thug sé timpeall lé uair a chloig timpeall ar bheithigh, agus ar a theacht aríst, bhí sé lé feiscint. Bhí tine agus garraithe.

1 Caitheann an méid seo a leanas ó Dháithí Ó hÓgáin solas éigin ar bhunús an tsleachta seo ón gCriomhthanach ina bhfuil trácht ar bhaile a bheith ag teacht agus ag imeacht as radharc: “a fanciful medieval story describes 'Breasal Bó-Dhiobhadh' as calling the men of Ireland to build a great tower for him. His sister came also, and she undertook by magic to make the sun stand still in the heavens to give them light enough to complete the building. Bresal, however, went aside from the crowd and incestuously lay with his sister, as a result of which her magical power was spoiled, and the sun moved on. It became dark, and work on the tower was discontinued. By this contrived fiction was explained the name of the tumulus Dubhadh ('darkening' – i.e. Dowth, County Meath)” (Ó hÓgáin, 2006: 45). Tá tagairt don Bhreasail i ndán ó Dhomhnall Mac an tSíthigh a bhfuil 'An Bhreasail' mar theideal air. Mas fíor don dán céanna, is amuigh sa bhfarraige a bhíodh “Breasaíl na scéalta draíochtúla” le feiscint ag an té a bheadh ina sheasamh ar Bhinn na Tine, i ngiorracht do Theamhar an Bhaile Uachtaraigh (Mac an tSíthigh. 2007: 38). Ní miste a lua go bhfuil a leithéid de logainm agus 'Baile Uí Bhreasail' le fáil i gCill Chainnigh, i Loch Garman, agus i gCorcaigh, gan trácht ar 'Cnoc Breasail' in Uíbh Ráthach i gcontae Chiarraí. Tabharfar faoi deara, leis, nach bhfuil aon trácht ag an gCriomhthanach féin sa mhír seo ar an mbreasail, ach gurbh é Seosamh Ó Dálaigh a chum teideal na míre seo. Bhí an focal ‘breasaíl’ ag an gCriomhthanach in CBÉ, 966: 532-534 áfach, agus é ar chomhchiall aige leis an bhfrása “Dún an Dá Dhrol.”

95. *Oideas tuaisce ort*

10.12.44

CBÉ, 966: 533-534

Bhí treibh daoine thíos insa Leitriúch, agus níl aon uair a cailltí duine acu ná go dtagadh beainín beag, agus clóicín liath uirthi, agus d'fhanadh sí ann go dtí lár na hoíche, agus bailíodh sí léithi ansan. Do bhí sí oíche i dtig coirp acu, agus do shéid an oíche ar bháistigh. Do bhí buachaill i dtig an choirp, agus d'imigh sé chun a chapall a chuir isteach ón mbáisteach, ach é ag teacht leis an gcapall, bhí an bheainín ag imeacht. Bhuail sí leis.

“Nách fliuch an uain í,” arsa é¹ sin.

“Oideas tuaisce ort,” arsa í sin, “nár dh'fhiarthaigh cad a bhainfeadh an draíocht do Dún an dá Dhrol.”

Cén rud Dún an Dá Dhrol?

An Bhreasail².

1 l.s. 'í'

2 c.f. 'An Criomhthanach agus an Bhreasail', §94 | CBÉ, 966: 534-535

96. *Ainmhithe beaga agus gibiris acu*

4.3.45

CBÉ, 968: 78-79

Bhí triúr buachaillí ó Léim Fhir Léith agus Rinn Chonaill i mBaile na nGall fadó, agus istoíche nuair a bhíodar ag dul abhaile, do bhíodar chun gabháilt suas an Seana-Mhám, chonaiceadar na hainmhithe beaga rompu amach. D'imigh duine acu ina ndiaidh, agus bhí gibiris, gibiris chainte ages na hainmhithe beaga. Ní fhéadfaidís a dhéanamh amach an daoine iad nó an gamhna iad, nó gadé an rud iad, ach bhíodar ag gibiris. D'imigh duine acu ina ndiaidh siar tamall ó bhun an tSeana-Mháma, agus stad sé, stadadar san, agus chasadar ina dhiaidh aniar arís. Do bhuaileadar aníos. Thánadar aníos chúinne, agus d'fhanadar go dtí maidean lá arna mháireach. Bhí leathphiúnt fuiscí acu, agus thugadar domhsa agus do m'athair lé n-ól é. Níor dhóigh leat gur dh'óladar fhéin éinní riamh, ach bhí scanradh ina gcroí. Ní fhéadfaidís a dhéanamh amach gadé mar s[h]aghas iad, ach rudaí beaga ab ea iad¹.

¹ “Dúirt an Criomhthanach agus bean an Chriomhthanaigh gur dhócha gur deamhain aeir ab ea iad mar go bhféadfaidís sin a rogha crot a chur orthu féin” – SÓD.

97. *An mhurúch*

18.2.45

CBÉ, 967: 519-521

Bhí fear thíos insa Leitriúch, fear do mhuintir Fhlathartha. Bhí sé sa tráigh lá, agus do chonaic sé an mhurúch ag teacht fé dhéin na faille, agus is do bhain sé dhi a bhrat, agus do chuaigh sé ag cíoradh a cinn. D'éalaigh sé i gan fhios, agus do shnap sé an brat. Scread sí air, é a d'fhágaint ina dhiaidh. Níor dhein sé rud uirthi, ach ghluais sé air abhaile, agus chaith sí é a leanúint go dtáinig sé 'dtína thig fhéin. Chaith sé in airde ar an lochta an brat. Chuir sé suite ar chathaoir í. Bhí sí ina cuileachta bhreá. Chaith sí fanacht ann. Ní fhéadfadh sí imeacht gan an brat, ach níorbh fhada ina dhiaidh sin gur ardaigh sé leis í, agus phós sé í, agus luigh sí leis. N'fheadarsa an ceathrar nó cúigear clainne a bhí aici. Bhí gach éinní imithe as a cheann san mar dhia ná raibh aon dul go n-imeodh sí go deo aríst. Bhí sé ag treabhadh lá, agus bhris rud éigint air. Tháinig sé abhaile, agus chuaigh sé ar an lochta, ag cuardach. Bhí sé ag caitheamh anuas, agus do chaith sé anuas an brat. Chonaic sí an brat, agus do shnap sí é. Do bhuail sí thairsti¹ é. Nuair a dh'imigh sé sin 'on ghort, chíor sí, is do nigh sí, is do ghlan sí na leanaí. Do bhuail chúichi an brat, d'fhág slán acu, is do bhailimh léi. Nách breá nár dh'fhan sí i mbun na leanbh. Ní raibh ach ós na hait amach dos na méireanta oscailt don gclann².

1 l.s. 'théirsti'

2 Ó fhiteán eile a breacadh an abairt seo, agus an frása “a dúirt an Criomhthanach” scríofa ag SÓD faoi lúibíní cearnógacha sa lámhscríbhinn.

98. *An cóiste balbh*

31.12.44

CBÉ, 967: 48-49

Bhí buachaill dos na Connors ar an mbaile seo fadó. Bhíodh sé ag iascach. Ní raibh éinne eile ón mbaile san am san ag iascach. Ní bhíodh aon chuileachta ag teacht abhaile aige. Ach do bhí sé oíche ag gabháilt aníos an bóthar, agus do chualaigh sé an cóiste balbh. Bhí an cóiste balbh ana-ghnóthach san am san ag gabháilt an bóthar.

Cén crot a bhíodh air?

Ní fheaca riamh é ná níor chuala aon trácht thairis, ach cóiste balbh a bheith glaoite air. Bhí sé ag teacht oíche, agus chualaigh sé ag cuir Barra an Mháma dho an cóiste balbh.

“Is baolach,” arsa é sin, “ná beidh mé age baile roimpi. Is fearr dhom gabháilt cóngar na ngort anso suas.”

Do ghaibh sé cóngar na ngort, agus mórdtimpeall, agus é ag casadh isteach chun an tí fhéin is ea a ghaibh an cóiste balbh i ngiorracht deich ramhainne¹ do laistíos. Nuair a chuaigh sé isteach, thit sé i laige istigh ar an urlár. Ghaibheadh sé bun caladh i leith na haon oíche, agus an bóthar so síos, agus théadh sé ar dtaobh thuaidh don Muirígh. Ní théadh sé comh fada lé Baile na nGall in aon chor. D'iompaíodh sé timpeall aríst, agus an bóthar céanna aríst.

1 l.s. 'raighne'. “Tomhas dhá ramhainne ar fad” atá i gceist dar le SÓD.

99. *An lucharagán*

[?].11.46

CBÉ, 982: 21

Chuala duine á rá go bhfeacaigh duine lucharagán ar an taobh eile do *tower* Bhaile Dháith, agus bhí sé ag éalú air féach' an bhféadfadh sé an sparán a ghoid bhuidh. Bhí sé suite síos a dúirt sé. Ruiséalach ón gCoimín ab ea é.

Cad a bhí ar siúl ag an lutharagán?

N'fheadar cad a bhí ar siúl aige, mar ní mise a bhí ag caint leis an Ruiséalach. Dá mbeinnse ag caint leis, cheisteoinn níos fearr é. Feairín ana-bheag ana-shuarach ab ea é.

100. *An púca ag ithe bundlach an tí*

18.2.45

CBÉ, 967: 515-516

Bhí fear anso thíos ar an gCarraig, fear do mhuintir Shé. Bhí tig aige. Is cuimhin liom fhéin é a bheith ina chónaí ann. Is é an áit a bhí an tig ansan mar a bhfuil an t-ard ag teacht aníos. Bhí an tigín íseal. Bhí sé tréis díon a chuir ar an dtig, agus bhíodh sé scanraithe go ngeobhadh capall ná aon ainmhí an bóthar a bheadh ag stracadh an dín. Bhí an oíche ann san am go raibh súpáin aige air, agus i gcionn tamaill don oíche, is é chun dul a chodladh, do bhraith sé an capall ag teacht fé dhéin an tí. Amach leis. Bhí an capall tosnaíthe ar a bheith ag stracadh na bundlaí. D'imigh sé i ndiaidh an chapail, an bóthar i leith. Lean sé tamall maith é. Chuaigh sé abhaile, agus bhí sé ullamh aríst chun dul a chodladh nuair a bhraith sé an capall ag teacht. Amach leis, agus do lean sé níos shia ná san é, agus do chuaigh sé abhaile, agus bhí a bhróga díreach aige á bhaint do, nuair a bhraith sé an capall ag teacht aríst. Amach leis aríst. Seo leis ina dhiaidh, agus clocha aige ag imeacht dá dhroim. Anso i leith a rith an capall, agus suas an seana-bhóithrín atá ag gabháilt suas ansan tamall sall ó t[h]igh Dowd. Tá a fhios agat cail sé. Lean sé suas go barra an bhóithrín é, agus nuair a chuaigh sé go barra an bhóithrín, cad é scartaíl gháirí a bhí thuas. Chuir sé dho abhaile, agus do bhain sé dho a bhróga. Ní raibh sé ach ag dul isteach 'on leabaidh nuair a tháinig an capall amuigh, is má tháinig, níor b[h]ac sé é. Ní raibh éinní lé bundlach an tí ar maidin. Bhí tamall cuileachtan acu air. Púca a bhí ann. Púca ab ea an capall.

101. *An púca*

31.12.44

CBÉ, 967: 50-52

Bhí sé thuaidh i mBaile na nGall. Thagadh sé ag bothántaíocht aníos ar an gCill. Ach bhí sé ag dul abhaile oíche bhreá ghealaí. Ní raibh éinne ina theannta. Do bhuail asal leis ar an mbóthar.

“‘On diabhal,” arsa é sin, “go mbeidh marcaíocht agam ortsa mar asal.”

Phreab sé in airde ar an asal. Chuir an t-asal a cheann fé, agus mara mbeadh é a bheith ina mharcach maith, ní fhéadfadh sé a ghreim a chimeád. Ach nuair a chuaigh sé go dtí an Muirígh ó thuaidh, barra na haille ó thuaidh go Baile na nGall, agus nuair a chuaigh sé ó thuaidh, chuir sé a dhá chois tosaigh síos leis an bhfaill á scaoileadh síos. Chinnibh sé a ghreim. D'iompaigh sé timpeall aríst, is d'imigh sé is gach aon áit ard don bhfaill, d'iompaíodh sé síos. Chuireadh sé a dhá chois lé fánaidh ó thuaidh, barra na bhfailltheacha ó thuaidh, as san go gcuaigh sé suas go dtí *tower* Bhaile Dháth. Bhí faill ard go maith ansan. Scaoil sé síos a dhá chois tosaigh. Chinnibh an fear eile a chuid misnigh, agus thug sé coraintín breá ann. Is mór an obair nár imigh a mheabhair bhuaidh. Mar sin leis ó thuaidh, is gach aon áit ard dos na failltheacha a bhuaileadh leis, d'iompaíodh sé, is scaoileadh sé a dhá chois tosaigh le fánaidh. Bhain sé cuas an bhodaigh amach mórdtimpeall. Is é an áit a scaoil sé bhuaidh é i Sliabh na Claise. Chaith sé fanacht ansan go maidean. N'fheadair sé cá raibh sé. Sin é an áit a scaoil sé bhuaidh é.

Cad a bhí ann?

An púca. D'imíodh sé i bhfeirm asail.

102. *Bean a bhí sa púcaí*

[?].7.44

CBÉ, 936: 558-559

Bhí sí ar an mbaile seo, agus bhídís ag déanamh seoigh di, agus bhí buachaill ann ná féadadh í a scaoileadh thairis in aon chor. Ach tráthnóna ach go háirithe, bhí sé ag gabháilt aniar an bóthar. Bhíodar ag ceangal choirce sa ghort san ar an dtaobh thíos do thig Pheidí Connor ansan. Nuair a ghaibh sé sin aniar:

“Is ea a bhean na bpúcaí,” arsa é sin, “ní fada go mbeidh sé in am agatsa a bheith ag imeacht.”

“Ar mhaith leat iad a dh’fheiscint?” arsa í sin.

“Ó, is é a bheadh bhuam,” arsa é sin.

Chuaigh sí amach ar an mbóthar.

“Seasaimh ar an dtaobh thiar domhsa anois,” arsa í sin, “agus féach do dhroim mo ghuala deise ar Chnoc an Chlocháin Duibh¹, an cnoc úd thall.”

Agus má dh’fhéach, thit sé ar an mbóthar ar an dtaobh thiar di, tháinig a leithéid sin d’eagla air. Bhí sé á bhfeiscint an chuid eile dhá shaol. Ba cheart duit na héinne a scaoileadh tharat. Ní raibh aon phioc do Chnoc an Chlocháin duit² ná raibh fear is capall is coisí. Lucht na liosanna a bhí ann is dócha.

Tá aingil an uabhair leis ann. Sin iad a chaitheann ruchair lé daoine. Tá dhá *chlass* aca san ann, *class* acu, agus tá goine an deargáin orthu is dealraitheach. Do gheobhaidís sin trí inneoin cheártan. Sin iad is measa.

¹ “An Clochán Dubh, baile i bParóiste Chill Maolchéadair” – SÓD.

² Tá cosúlacht idir an úsáid a bhaintear as “duit” anseo agus an úsáid a bhaintear as “faoi mar a bheifeá”, a bhfuil sampla dá leithéid ar fáil sa mhéid seo a leanas: ”“Duine acu fé mar a bheadh sé i gCathair Deargáin, agus an file eile fé mar a bheadh sé ar an gClochán Dubh,” (§240 | CBÉ, 1035: 358-359).

103. *Daoine sa púcaí*

[?].1.46

CBÉ, 979: 51-56

An raibh áireamh ar dhaoine anso a bheith sa púcaí?

Bhí sé ráite go raibh Tomás Ó Maoileoin Imleá iontu. Tomás na bPúcaí a thugaidís air. Thugadh Maoileoin a lán solaoídí bhuidh. Taidhgín na bPúcaí a bhí ar an Muirígh, bhí sé iontu. Bhí a gcuma air ach go háirithe.

Maighréad Bean Mhic Críomhthain¹: Cuireadh mo mháthair mise chuige le císte i gcomhair na Nollag, mar ní raibh éinne sa tig ach é féin. Ní dheinim ach é a bhualadh ar dtaobh istigh do dhoras, agus rithinn faid a bhíodh in chroí.

Cad é an saghas fir go ndéarfá go raibh cuma na bpúcaí air?

Fear a bheadh truailithe beag droch-chruthúil. Bhí Taidhgín droch-chruthúil, ach ní raibh Maoileoin. Bhí saghas fios age Maoileoin. Á bhfágá árais tí salach ar an mbord istoíche, chasfadh sé leat é. Chas sé le bean ón gCarraig é.

Bhíos oíche anso thíos², agus “thugas isteach na caoire timpeall na Samhna chun iad a bhearradh. Thugas isteach iad ar thiteam na hoíche chun ná beinn ag cailiúint an lae leo. Do bhearras iad. Is dócha go raibh sé dó dhéag a chlog san am go rabhadar bearrtha agam. Shuíos cois na tine ansan, is dheargaíos an phíp. Ní raibh aon chodladh orm.

“Is ea,” arsa mise liom féin, “is dócha go m’fhearra dhom iad a mharcáil anois, agus scaoileadh leo chun ná beidh mé ag cailiúint na maidne leo.”

Le linn mé a bheith ag dul chun an chéad ceann acu a mharcáil, do cnagadh an doras go cruaidh. Stadas tamall ansan. Dúrt más éinne a bhí amuigh do dteastaigh éinní bhuidh, go labharfadh sé.

¹ I.s. “Bean an Chríomhthanaigh”

² “insa tseana-thig” scríofa mar shoiléiriú ag SÓD.

Níor labhair éinne. Chaitheas bhuam mo chuid breasail. Bhailíos liom a chodladh. D'fhágas ansan go maidean iad. Do bhí m'athair insa leabaidh, is do chualaigh sé an doras á chnagadh.

“Is ea,” arsa é sin, “bhí deabhadh maith a chodladh aréir ort,” lá arna mháireach, “níor cheart duit fanacht comh fada in aon chor,” arsa é sin, “is [a] dh'fhanais. Teastaíonn an tinteán ó dhaoine eile,” arsa é sin, “ón áirithe sin amach”,

Cén dream go dteastódh an tinteán bhuathu?

An mhuintir a bhí caillthe.

An bhfuil daoine ann a chionn fairies breis ar a ch[é]ile?

Tá daoine ann a chionn iad, agus daoine eile n[á] feiceann in aon chor iad.

Conas go mbíonn an chomhacht san age daoine 'o bhreis ar a chéile?

Is dealraitheach gurb é an baisteadh a dheineann sé. Chloisinn m'athair á rá an lá a baisteadh mise ar an mBuailthín nuair a dh'fhiarthaigh an sagart do m'athair cén ainm a thabharfaí ar an leanbh, ‘Seán’ adúirt m'athair.

“Tabharfaimid Seán Criomhthain ó Chill Maoilchéadair air,” arsa an sagart.

Ach nuair a bhí an baisteadh déanta ansan:

“Sin leanbh,” arsa an sagart “ná cífidh aon drochní go deo.”

Thug sé an ainm iomlán orm.

An raibh dealramh daoine an tsaoil seo ar na fairies?

Bhíodar i bpearsain agus i ndealramh daoine an tsaoil seo.

An raibh caint acu?

Bhíodh caint acu ach n'fheadar an dtuigeadh éinne iad, ach pé uair ba mhaith leo. Ná cloistaí ag amhrán istigh sa lios iad.

An rabhadar droch-chrothúil nú dea-chrothúil?

Bhíodh daoine breátha agus daoine gránna ina measc.

Cén sagas éadaigh a bhíodh orthu?

Deireadh daoine gur casóga beaga dearga a bhíodh orthu.

An bhfeadaidís malairt cló a chuir orthu féin?

Is dócha go bhféadfaidís malairt cló a chuir orthu féin. Ná raibh an draíocht acu. Nách chuige sin a dheinidís capall don mbuachallán buí.

Conas a ghluaisídís?

Bhíodh sluaite acu i dteannta chéile, is dealraitheach, agus bhídís ag imeacht beirt ar bheirt. Bhí baint éigin acu leis an lus mór. Nách mór an obair, baile mór nár fhás aon cheann acu riamh, Baile na Leacan, agus an baile atá ar an dtaobh eile don dteora, é lán dóibh. Bhí fear éigin i mBaile na Leacan go raibh taom éigin ag gabháil do, agus bhuail sé le m'athair lá. D'fhiarthaigh sé ná raibh aon tsúil aige le aon leigheas do deo ná aon duine go dtiocfadh an galar san air i mbaile nár fhás tor lus mór riamh, pé bun a bhí leis. Ní mór ná gur chuimhin liom féin go gcaithfá fanacht coicíós le spealadóir chun paiste féir a bhaint, agus is minic a chuala ná faigheadh spealadóir aon tsaol fada, agus is é an chiall é, bhíodh an iomad luibheanna gearrtha aige. Bhíodh baint éigin ages na *fairies* leis na luibheanna. Bhídís le feiscint. N'fheadarsa ná go bhfuil siad le feiscint fós. Bhí Gearaltach ón gClochán Dubh ag caint liom roim Nollaig. Dúirt sé go raibh rudaí éigin ann. Dúirt sé liom go raibh sé suas le banbhaí oíche, agus shín sé ar phaca tuí taobh na tine. Thit a chodladh air, agus chuaigh an tine sa tuí. Chuaigh an tine ina gheansaí, agus ina bascóta, agus níor dhúisigh san é. Ach tuigeadh do gur shatail fear trom anuas ar a chois, agus sin é a dhúisigh é. Nár mhór an obair nár dhúisigh an tine é.

104. *Bean sí na hUsaech*

10.12.44

CBÉ, 967: 29-30

Bhí treibh timpeall an Daingin fadó dos na hUsaigh, agus níl aon uair nuair a chailltaí duine acu ná go ngaibheadh bean sí anuas Sráid Eoin á gcaoineadh ag teacht go tig an choirp. Ghaibh sí anuas oíche. Bhí muintir Shráid Eoin, na tithe beaga, ag imeacht trína chéile, is nárbh fhios conas a bheadh acu. Bhí a fhios aici ó shin.

“Éistídh, éistídh,” arsa í sin, “a cheannaithe an chnósaigh,
ní baol díbhse, ach is eaglach dóibh siúd,
níor chaoín na mná sí riamh úr sórtsa.”

105. *Cailín an Chaisleáin, agus Sí Gaoithe*

8.12.44

CBÉ, 966: 516-517

Bhí cailín thíos insa Chaisleán fadó, i gCaisleán Ghriaire, agus chuaigh sí maidean ana-bhreá suas ar mhaolchnoicín ag crú chúig cinn do ghabhair. Do chrúigh sí na gabhair, agus bhí galún breá bainne aici ós na cúig cinn do ghabhair. Do bhuaíl sí thairstí¹, agus do shuigh sí síos, agus do shéid sí suas amhrán, “Cois Abha an Ghleanna Uí Chéama.” Chualaís é sin is dócha, agus tréis é sin a bheith ráite aici, do dh'éirigh sí, agus do dhein sí babhta rince, agus sa rince dhi, bhraith sí an gála gaoithe ag déanamh uirthi. Do tháinig an gála gaoithe, agus do thóg sé a cuid éadaigh in airde do mhullach a cinn, agus dalladh amach í. Sara raibh a cuid éadaigh socair aici, tháinig pian ina ceathrúin. Ar éigean a shiúlaigh sí abhaile. Chaith sí an leabaidh a thógaint. Bhris a ceathrú amach. Is é an rud a tugadh amach as a ceathrúin, chonacsa go maith iad, bioráin mhóra bhuí – ní fheacaís aon chuid acu. Bhí an rian le feiscint ina ceathrúin an fhaid is a mhair sí.

1 l.s. 'théarste'

106. *Bríde Bhabhda*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 340-344

Scrís síos é seo cheana¹, ach ní raibh a thosnú in aon chor agam. Níor chuimhníos air. Feirmeoir a bhí ann. Ní raibh sa tig ach é féin is a mhac. Ní raibh aon bhean tí acu². Bhí seomra suas ón gcistin. Táin d’olainn acu, is ní raibh éinne acu chun í a chardáil ná a shníomh.

“Níl aon ghnó mar seo againn,” arsa an t-athair leis an mac. “Caithfidh dul ag soláthar bean a chuirfidh crích éigin ar an olainn.”

Fuaireadar capall is cóiste, is d’imíodar. Bhíodar ag gabháilt thar tig a bhí ar thaobh an bhóthair. Chualadar an chaint istigh. Is é an rud a chualadar: “A dhiabhail, sin é an t-ochtú taoscán anois agat.”

“Stop an capall,” arsa an t-athair leis an mac, “go raghaimíd anso isteach.”

Chuadar isteach. Bean a bhí ansan, agus a hiníon, agus bhí corcán praisce in imeall na tine. Is é an chaint a chuala sé: “A dhiabhail, sin é an t-ochtú taoscán anois agat,” mar bhí an t-ochtú taoscán praisce ite ag an inín.

“Gadé an t-ochtú taoscán, a dúirís?” arsa é sin.

Ní gá dho bhean féachaint [th]ar a guaile chun leithscéal a dh’fháilt. Bhí torann insa chúinne mar a mbíodh an tseana-bhean ag sníomh.

“Dhera, an diabhal san,” arsa í sin, “sin é an t-ochtú fearsad lán inniubh aici, agus ní haon chabhair ’om a bheith á rá léi fanacht socair” – a bolg san lán do phraisigh an uair sin, ná raibh sí ábaltha ar shiúl.

“Á,” arsa an feirmeoir, “sin í atá rúnach domhsa. Tá mo chuid ola ag imeacht gan tairbhe, ’cheal a leithéid. Bídhídh ullamh láithreach,” arsa é sin.

Thug sé leis an bhean óg. D’fhan an tseana-bhean mar a raibh aici. Pósadh láithreach í fhéin, agus mac an fheirmeora. Ar a shon a máthair a bheith ag gabháilt do shníomh, níor shnígh sí sin éinní

¹ c.f. CBÉ, 936: 425-427

² Ar chuma na gCríomhthanach fir leis, dar ndóigh.

riamh. Ach nuair a thánadar go dtí an dtig ansan, theasáin sé an seomra di, do bhí lán do phacaí olann. I gceann cúpla lá, chuaigh an feirmeoir agus a mhac as baile i dtaobh éigin. Bhíodar chun an lá a thabhairt amuigh. Níorbh fhada don lá gur labhradh sa doras, agus gur glaoth ar a hainm, agus ar a sloinne. Chuaigh sí 'on doras. Bean a bhí ansan agus capall aici.

“Chuala,” arsa í sin, “go raibh olann le sníomh agat.”

“Tá mhuis,” arsa í sin, “cuid mhaith.”

“Bailimh amach,” arsa bean an chapaill.

Bhí sí ag tarrac amach, agus bean an chapaill á shocrú, agus is í a bhí ábalta air.

“Nuair a bheidh sé seo sníte agamsa,” arsa í sin, “tabharfaidh mé chughat í, agus ní dh'iarrfaidh mé do dhíol, ach m'ainm¹.”

Bhí sí bog go leor, is nár dh'fhiarthaigh sí dhi gadé an ainm a bhí uirthi. D'imigh sí bhuathí ar nós na gaoithe. Shuigh “an t-ochtú taoscán” ar an gcathaoir, agus sin é nuair a chuimhnigh sí nár dh'fhiarthaigh sí gadé an ainm a bhí uirthi. Bhí sí go dubhach cráite. Ach tráthnóna lá arna mháireach, do chuaigh a fear ag triall ar na ba. Bhí ceann dos na ba ná raibh le fáilt aige insa ghort. Bhí sé ag lorg na bó, is níor stad sé gur chuaigh sé go dtí lios a bhí ann. Chuala sé an duain istigh sa lios. *Pheepáil* sé isteach go socair, agus is amhlaidh a bhí an bhean istigh, agus an bhó aici á chrú. Is é an duain a bhí aici:

“Tá bean ar an mbaile seo,
agus dá mbeadh a fhios aici,
gur Bríde Bhadhba m'ainmse,
do bhainfeadh sí m'amhras díom.”

Bhí sé ag éisteach léi ar feadh tamaill. D'imigh sé bhuaithi fé cheann tamaill. Níor bhac sé an bhó. D'fhan sé tamall maith ón lios. Nuair a bhí an bhó crúite aici, scaoil sí amach í. Nuair a tháinig sé abhaile.

“Dhera,” arsa an bhean, “cad a chinnibh comh fada thú?”

¹ c.f. ATU 500 “The Name of the Supernatural Helper.”

“Ceann dos na ba ná raibh le fáilt agam,” arsa é sin, “agus is é an áit a bhí sí istigh sa lios, agus bean á crú. Chuala an duain istigh,” arsa é sin, “agus is é an duain a bhí aici:

“Tá bean ar an mbaile seo,
agus dá mbeadh a fhios aici,
gur Bríde Bhadhba m’ainmse,
do bhainfeadh sí m’amhras díom.”

“Dhera,” arsa í sin, “múin é sin dom. Sin é an t-amhrán is deise a chuala riamh.”

Ar a shon í a bheith ina liobar, níor thit aon néal an oíche sin uirthi, ar eagla go gcaillfeadh sí é. D’imigh an fear agus athair a céile lá arna mháireach arís, pé áit a chuadar, is níorbh fhada go dtáinig bean an chapaill, agus a hualach ceirthlíní aici, agus do labhair sí. Dúirt sí léi teacht amach anso.

“Tá do chuid olna ar fad anso,” arsa í sin, “sníte agam.”

“Go raibh maith agat,” arsa an bhean óg, “tá deabhadh maith déanta agat léi.”

“Trom mo dhíol,” arsa í sin.

“Bríde Bhabhda,” arsa an bhean eile.

“Go raibh an diabhal go mór ort,” arsa í sin, “cá bhfuairis é?”

Chaith sé chúichi an t-ualach, agus bhailimh sí léi. Thug sí an lá ag tarrac ceirthlíní isteach, agus á gcuir ’on tseomra. Nuair a tháinig athair a céile agus a fear abhaile, ní raibh aon bhlúire bídh ullamh rompu, ach í caite sa chúinne. Ba é an lá é ab anróithí a chuir sí isteach riamh.

“An bhfuil éinní ullamh?” arsa athair na céile.

“Níl,” arsa í sin, “do chuas thar mo riocht,” arsa í sin, “ag sníomh na hola, agus táim tugtha amach. Téigídh ’on tseomra,” arsa í sin.

Chuadar ’on tseomra. Bhí uafás orthu.

“Tá sé comh maith againn a thuilleadh olla a chuir chúichi,” arsa athair na céile, “mar bheadh a dóthain cúraim an méid sin a bheith déanta aici i gceann na bliana.”

Is amhla a mharódh sí í féin léithi. Bhí an ceart agena máthair.

107. *Bean i gcló spride*

[?].8.44

CBÉ, 965: 48-50

Bhí scéal eile agam mar gheall ar sprid go raibh mórán curtha chun báis aici. Feirmeoir a chuaigh go Corcaigh le him, agus bhí mac do in aonacht leis. Nuair a bhíodar chun teacht abhaile, dúrthas leo go mb'fhéidir gurbh fhearra dhóibh fuireacht anocht, mar go raibh sprid á dh'fheiscint ina leithéid sin d'áit, agus go raibh mórán curtha chun báis aici.

“Tá sé chomh maith agam,” arsa an t-athair, “fuireacht.”

“Dhera, cá b'áil linn ag fuireacht?” arsa an mac.

Buachaill ana-mhisniúil ab ea an mac. Ach bhíodar ag casadh is ag bearradh i gcoinnibh a chéile, ach ghaiscíodar. Nuair a bhíodar ag déanamh ar an bpaiste, chonaiceadar í, agus ba chúrsaí eagla í dh'fheiscint. Bhí soilse aici á chaitheamh amach as a béal.

“Is ea anois,” arsa an t-athair, “conas a bheidh againn? Níorbh aon chabhair domhsa bheith ag caint leatsa.”

“Tóg bog é,” arsa an mac.

Labhair an mac léi, agus d'fhiathraigh sé dhi cad a bhí ansan bhuaithi. Ní bhfuair sé aon tor. Phreab sé amach as an gcairt, is thug sé chúichi leis an bhfuip, agus do chas an fhuip timpeall ar a muineál. Dhruid sé isteach léi, agus do ghreamaigh sé an fhuip ansan go gcoinneodh sé an muineál aici. Bhí téad insa chairt a bhí ag ceangal na bhfeircíní.

“Trom an téad,” arsa é sin léna athair.

Ní fhéad an t-athair aon tor a thabhairt air. Chaith sé í a tharrac ina dhiaidh go dtug sé go dtí an gcairt í, an t-athair titithe. Ní fhéadfadh sé focal a labhairt. Ach fuair sé féin an téad, agus nuair a bhí sé á cheangal, d'iarr sí air scaoileadh léi. Má d'iarr, ní scaoil ach do cheangail sé don gcairt í, agus do cheangail sé go dóite í. D'iompaigh sé timpeall an capall aríst, agus níor stad go gcuaigh sé isteach go dtí beairic na bpílears i gCorcaigh léi. Tógadh isteach on bheairic í. Má tógadh níorbh fhada ón áit í, agus scrios déanta aici. Conas a lasaigh sí *matcheanna* istigh ina béal? Fuair sé siúd

ana-*phrize* mar gheall uirthi sin. Ní fhéadfainn a rá ab amhla a crochadh í, nó ab amhla a fuair sí príosún go deo.

108. *Mharaíos leanbh gan baisteadh*

[?].8.44

CBÉ, 965: 46-48

Chuala trácht ar sprid a bhíodh á fheiscint fé mar a bheadh sí ansan i máam Bhaile na nÁth, abair. Ghaibh buachaill chúichi oíche, agus bhí téadán ruaimní aige. Deir siad go bhfuil ana-*phower* age téadán ruaimní. Thug sé chúichi leis an dtéadán, agus bhí lúb iarainn ar an dtéadán. Chas an téadán trí nó ceathair d'uairibh timpeall nuair a bhí an fuinneamh leis. Ach nuair a fuair sé greamaithe í, chuir sé isteach sa lúb í. Ní raibh aon eagla air. Thairrig sé ina dhiaidh í go mbain sé a thig féin amach, agus í á iarraidh air scaoileadh léi. Thug sé isteach ina thig féinig í, is ní mór ná gur cailleadh a raibh istigh nuair a chonaiceadar cad a bhí aige. Bhí staic iarainn sa bhfalla ar chliathán an tí, agus do cheangail sé ansan í. Is dócha gurb é féin a chaith dul ag triall ar an sagart, ná raghadh aon teachtaire ag triall air. Ach nuair a tháinig an sagart:

“A dhiabhail,” arsa an sagart, “cad a dhamnaigh tú?”

“Mharaíos duine,” arsa í sin.

“Ní dhamnódh san tú,” arsa an sagart.

“Mharaíos beirt,” arsa í sin.

“Ní dhamnódh san leis tú,” arsa an sagart.

“Dhera,” arsa í sin, “mharaíos leanbh gan baisteadh.”

“É! A dhiabhail,” arsa é sin, “sin é a dhamnaigh tú. Cuirfeadsa amach sa bhfarraige anois tú,” arsa é sin, “san áit ná féadfair éinne a mharú go deo aríst.”

“Má chuireann tú,” arsa í sin, “báfaidh mé na hárthaí a gheobhaidh tharam.”

“Cuirfeadsa sa bhfarraige dhearg thú,” arsa é sin, “san áit ná gabhann aon ártach.”

Ní túisce sin ná dh'imigh sí ina splancacha amach tríd an dtig is ní fhacthas ó shin í.

109. *Sprid i Mám na Cille*

7.1.45

CBÉ, 967: 187-188

Bhí fear ón mbaile seo sa Daingean fadó. Bhí sé ana-dhéanach nuair a bhí sé ag teacht. Ní raibh aon bhóthar insan am san anso siar, ach amháin an seana-mhám. É ag gabháilt aníos an seana-mhám nuair a bhuail an sprid leis, agus do bhí siúl taobh leis, agus níorbh fhada go raibh an bhrí ag imeacht as. Ach nuair a tháinig sé i radharc na háite seo, tháinig breis mhisnigh do, agus do labhair sé léi:

“Cuirim suas díot,” arsa é sin, “a chuaichín na gcraobhfholt,
téim ar tearmainn Dé bhuit is Críost.”

“Á,” arsa í sin, “nór mhór duit a shuairce do thréithe,
agus an achainí a chuiris go déanach i gcrích,
do thabharfainn riail i gcionn uaire id éileamh,
a scuabfadh as an saol tú gan moill.”

Chaith sí bailiú léi bhuidh.

110. *Madra dubh á fheiscint ar an gCill*

[?].8.44

CBÉ, 967: 37-40

Bhí madra dubh á fheiscint ón sáipeál gallda anso thíos go dtí barra mhám Bhaile na nÁth. Bhí Peaidí Connor a bhí anso thiar - bhí buachaill aníos ón Leitrúch aige. Tomás Ó Néill ab ainm do. Count Ó Néill¹ a tugtaí air. Bhí sé lá Sathairn sa Daingean, agus i gcionn tamaill don oíche, bhí m'athair agus driotháir do thiar ag bothántaíocht age Seana-Chonnor, mar fear mór páipéar ab ea é. Ach i gcionn tamaill don oíche, baineadh an laiste dhon ndoras - Gearaltach ón gClochán Dubh a theanntaigh isteach leis. Bhí an staighre díreach in aice an doiris, agus ní dhein sé ach iompó in airde an staighre. Thosnaigh sé ar phaidreoireacht in airde, Tomás Ó Néill, é lán do dheoch, is ní fada a chuaigh sé ar na paidreacha nuair a stad sé. Chuaigh bean an tí in airde, agus a dhriotháir seo chuige, ach d'iarr Máire Ní Gheairilt ar m'athair teacht aníos.

Léna linn sin, bhí dhá ghadhar age Connor. Do ritheadar chun an doiris, agus bhí laiste nódh ar an ndoras. Bhaineadar an laiste don ndoras, agus do chuadar suas go dtí an dtine, agus scanradh ina gcroí. D'éirigh m'athair, agus chuaigh sé amach, agus bhí an dá ghadhar mhóra dhubha ag siúl amach ón ndoras gan puinn deabhaidh orthu. Bhí stábla ar dtaobh amuigh do dhoras, agus bhí tig na mba sall bhuaidh sin, agus do ghaibh an dá ghadhar idir an dá thig síos. Nuair a chuadar síos i lár na buaile, chasadar, agus gadé coinneal a bhí ina radharc. Lean an driotháir amach é, agus chonaic sé iad.

“Téanam abhaile,” arsa é sin.

“Téanam isteach arís,” arsa m'athair.

Chuadar isteach, agus chuaigh sé ar an lochta, agus bhí fear an lochtaigh ag críochnú, bhí clár ar thaobh na leapa, agus tháinig uirlicí, agus tháinig an scornach anuas ar an gclár. Thóg sé a cheann in airde dhon gclár, amach leis na huirlicí. Thugadar ceathrú n-uaire a chloig sarar thugadar chun cinn

¹ Bhailigh Seán Ó Dubhda mír seachas ar an bpearsain seo agus é le fáil in CBÉ, 1115: 188.

é. Nách breá a bhí an dá ghadhar ag faire air, agus lá arna mháireach, chuaigh m'athair siar go dtí Connor, agus dúirt sé leis má choinneodh sé an buachaill níosa shia, é a chuir mar cheangal air gan teacht isteach ina thig faid a bheadh éinní ólta aige. D'eachtraigh sé dho cad a chonaic sé aréir. Dhá dhiabhal ab ea iad. Cad eile.

Do bhí m'athairse oíche eile, chuaigh sé 'on tráigh ag triall ar ghainimh, N'fheadar sé gadé an t-am a bhí sé, ní raibh aon am acu. Is minic a bhíodh trí hualaí gainimhe tógtha acu leo sara mbíodh aon phioc don lá ann. Ach d'imigh sé maidean, agus chonaic sé chuige aníos é, ansan timpeall Uí Shullivan, ní raibh aon tig an uair sin ann i dteora na Cille agus an Chlocháin Duibh. Chonaic sé ag teacht aníos é. Níl aon b[h]aol ná gur ar an dtaobh go mbeir [sic] a ghaibheadh sé. Nár mhór an fear misnigh é. Rug sé ar na *reins* féachaint an bhféadfadh sé an roth a chuir air. Imbriathar nár chuaigh an roth¹ ar aon phioc do. Ach d'fhéach sé ina dhiaidh ansan, agus is amhlaidh a bhí sé ina sheasamh ag féachaint ina d[h]iaidh, agus ba mhó an dá shúil a bhí aige ná aon dá choinneal. D'imigh sé maidean lá arna mháireach. Ní bhíodh an mhaidean ann, ach i lár na hoíche, ach chonaic sé faid a radhairce bhuaidh, agus sara bhfeaca sé in aon chor é, chonaic sé na soilse a bhí ina shúile. Stop sé an capall féachaint an mbraithfeadh sé aon chairt mara anso síos a ghaibheadh muintir Chathair Deargáin an uair sin. Cad a chífedh sé ina dhiaidh ná gadhar bán a bhí aige féin a d'fhág sé age baile ina dhiaidh, gadhar a mharaíodh madraí rua. Ach nuair a chonaic sé an gadhar bán, níorbh fhearr leis dháréag ina theannta. Más ea, nuair a bhí an gadhar dubh ag déanamh orthu, do chuaigh an gadhar bán isteach fén gcairt, agus a dhóthain eagla air. Ach ón oíche sin amach, níor chuaigh sé ar aon tráigh go mbeadh an lá ann.

Bhí oiread asail ann. Ní leaghadh sé in aon chor orthu, ach d'imíodh sé leis ag siúl.

1 l.s. 'ruith'

111. *An bhean a dhein an toirmeasc idir an lánúin*

12.11.44

CBÉ, 966: 137-140

Bhí lánú i bParóiste Múrach fadó, is bhíodar ag caitheamh a saoil go pléisiúrtha. Ní raibh aon chlann acu. Ach bhí an buachaill ag siúl orthu, a d'iarraidh iad a chuir ceangailte ina chéile, is níorbh aon chabhair do é. Bhí bean insa pharóiste a bhí nótáltha chun suainseáin, is do bhuail sí leis lá. Thairrig sé amach sparán airgid.

“Thabharfainn é sin anois duit,” a dúirt sé, “dá bhféadfá a leithéidí seo a chuir amach¹ le chéile. Bí ansan romhamsa aríst,” a dúirt sé, “má dheineann tú an talamh orthu, agus gheobhair an sparrán.”

“Ná bíodh eagla ort,” arsa í sin.

D'imigh sí lá arna mháireach, agus Seán agus Máire ab ea an lánú. Ghaibh sí isteach go dtí Máire, agus:

“A Mháire,” arsa í sin, “bheadh clann agaibhse fós.”

“Dhé mhuisse,” arsa Máire, “is dócha ná beidh aon chlann againne fós.”

“Má dheineann tú mo chomhairle-se,” arsa í sin, “níl aon bhaol ná go mbeidh. Nuair a thiocfaidh Seán abhaile tráthnóna anois,” arsa í sin, “bíodh uisce te agat do, agus abair leis a chosa a scóladh, agus téigh braon bainne ansan do, agus nuair a dh'ólfaidh sé an bainne, titfidh a chodladh tapaidh air. Nuair a chloisfidh tú ag sranntarnaigh é,” arsa í sin, “faigh an rásúr, agus tá ribe in aice lé úll a scornaí, agus dá mbeadh sé sin gearrtha agat, níl aon bhaol ná go mbeadh clann agaibh.”

Bhí Seán ag obair sa ghort. Ghaibh sí chun Seán.

“Mo ghraidhin tú a Sheáin,” arsa í sin, “tánn tú marbh ó bheith ag obair, agus ní mór an tor age Máire ort,” arsa í sin.

“Glac bog mise, agus Máire,” arsa Seán.

¹ l.s. ‘mu’

“Níl Máire comh ceanúil ortsa in aon chor agus is dóigh leat,” arsa bean an tsuainseáin, “nuair a bhíos-sa ag gabháilt thar doras anois,” arsa í sin, “chuala an chaint istigh. Bhí fear istigh ina teannta,” arsa í sin, “agus dúirt sé léithi uisce te a bheith romhat nuair a thiocfá abhaile, agus ligeant duit do chosa a scóladh, agus braon bainne a bheith te aici, agus é a thabhairt lé n-ól duit, agus go dtitfeadh do chodladh tapaidh ansan ort. Nuair a bheifeá ag sranntarnaigh, an rásúr a bhreith léi, agus í a chuir ar do mhuineál.”

“Tabhair do bhóthar ort,” arsa Seán, “ní raibh a leithéid i gceist.”

“Bhí sé i gceist,” arsa í sin, “agus n’fheadarsa an dtiocfaidh sé fíor.”

Ach nuair a tháinig Sean tráthnóna, do bhí an t-uisce te roimis.

“Is ea,” arsa Seán, arsa é sin, “sin smut don scéal.”

“B’fhearra dhuit do chosa a scóladh anois,” arsa í sin.

Scól sé na cosa. Níor lig sé éinní air, is fuair sé an bainne te.

“Is ea,” arsa é sin, “’on diabhal baol ná raibh an ceart ag an mbean inniubh.”

“B’fhearr dhuit dul a chodladh anois,” arsa í sin, “tánn tú cortha.”

Do chuaigh sé a chodladh, agus do rug sé maide maith leis. Chuir sé an maide in aice leis ina leabaidh. Níorbh fhada go raibh gach aon tsrann aige, is gan aon chodladh air. D’éalaigh Máire bhocht ’on tseomra, is a rásúr aici comh socair is a d’fhéad sí, agus comh luath is a bhraith sé ag oibriú go dtí an scornaigh í, rug sé ar a mhaide. Do bhuail, agus do mhairbh. Níorbh fhada go gcuaigh mo *lady* ag triall ar a pá, agus bhí an buachaill roimpi. Mheas sí ná raibh aon b[h]aol ná go raibh an sparán aici.

“Ní gheobhaidh tú an sparán in aon chor,” arsa é sin, “marú a dheinis,” arsa é sin, “ní hé sin a theastaigh bhuamsa. Tá Máire naofa,” arsa é sin, “agus tusa fé ndeara do Sheán í a mharú. Ní dhamnóidh sé Seán in aon chor [i] dtaobh í a mharú, mar mheas sé go raibh sí chun é a mharú.”

112. *Jacky the Lantern*

10.12.44

CBÉ, 967: 1-4

Bhí gréasaí fadó ann. Bhí sé ana-thugtha do chártaí. Is minic ná bíodh éinní aige. Do bhuail an diabhal leis.

“Ní bheidh aon cheal airgid ort,” arsa é sin, “go ceann bliana, agus beidh bua imeartha agat, ach teacht in aonacht liomsa i gcionn na bliana.”

Do gheall sé dho. Do tháinig sé abhaile, is bhí sé ag obair leis. Ní raibh aon cheal airgid air. Bhí an bhliain ag teacht. Do ghaibh fear bocht chuige isteach lá. Do theastaigh bhuaidh paiste a chuir ar sheana-bhróig a bhí aige. Thug sé feidhre bróga nódh dho.

“Tabharfadsa rud 'uit anois,” arsa é sin, “a dhéanfadh maitheas 'uit, pén *gift* is maith leat.”

“Theastódh uam,” arsa an gréasaí, “an stól athá ansan. Bíim cráite nuair a thagann daoine isteach ag suí air, an chéad duine a shuífidh air é a cheangal do.”

Tháinig an bhliain. Tháinig an seana-bhuachaill ar a thuairisc.

“An bhfuileann tú ullamh?” arsa é sin.

“Ní fada go mbeadh,” arsa é sin, “suigh ansan.”

Shuigh sé ar an stól, agus nuair a bhí an gréasaí ullamh:

“Téanam,” arsa an gréasaí.

Ní fhéadfadh an diabhal corraí. Bhí sé ceangailthe dhon stól¹.

“Bog mé,” arsa an diabhal, “is tabharfaidh mé bliain eile dhuit.”

Bhog sé é. Scaoil sé leis. Bhí bliain eile aige. Tháinig sé i gcionn na bliana aríst, agus sara dtáinig an bhliain, do ghaibh fear bocht chuige gur theastaigh paiste a chuir ar a sheana-bhróig. Thug sé feidhre bróga nódh dho.

“Tabharfaidh mé pé *gift* is maith leat duit anois,” arsa é sin.

“Tá crann úll agam,” arsa an gréasaí. “Táim cráite age daoine ag dul in airde air, is ag baint

¹ c.f. ATU 1178 ‘The Devil Outriddled’ mar a luaitear MI G303.16.19.3 chomh maith leis an móitíf seo.

úll do, an chéad duine a raghaidh in airde ann, é a cheangal in airde ann.”

“Gheobhaidh tú é,” arsa é sin.

Tháinig an bhliain, agus do tháinig an seana-bhuachaill.

“An bhfuileann tú ullamh?” arsa é sin.

“Táim,” arsa an gréasaí.

“Ní shuífidh mé in aon chor inniubh,” arsa é sin

“Á, ní gá dhuit é,” arsa an gréasaí, “beadsa ullamh láithreach.”

D'imíodar.

“On diabhal ar mhaith liom imeacht,” arsa an gréasaí, “gan cuid dos na húlla athá in airde ar an gcrann, agus thá ana-thinneas im chois. Ní fhéadfainn dul in airde.”

“Ó, is fearr an mhoill ormsa dul ansan in airde,” arsa an diabhal.

In airde leis. Nuair a bhí sé in airde, ní fhéadfadh sé teacht anuas.

“Bog mé,” arsa é sin, “agus gheobhaidh tú bliain eile.”

Do bhog sé é, agus dúirt sé go bhfaigheadh sé a phas ar fad. D'imigh sé bhuaidh. Nuair a cailleadh an gréasaí, chuaigh sé go dtí an bhflaitheas. Dúorthas leis imeacht, agus dul go dtí doras iofrainn. Chuaigh sé go dtí doras iofrainn. Fiarthaíodh do cé a bhí ansan. Nis sé dhóibh.

“Ó cuir díot. Bheifá ár gceangal dá chéile,” arsa é sin, arsa an diabhal leis, “bailimh leat.”

Ní raibh aon áit aige chun dul ansan, ach imeacht léna sholaisín ar fuaid na háite. Sin é Jacky the Lantern. Níl sé lé feiscint in aon chor anois. Chonacsa go minic é, agus gach éinne bhí suas linn.

113. *An bhean bheo sa chomhra*

11.2.45

CBÉ, 967: 435-438

Do bhí buachaill fadó ann. Fear mór cártaí ab ea é, agus fear mór óil. Ach do bhí sé ag gluaiseacht oíche, agus do bhuail triúr fear leis, agus comhra ar a nguaille. Chuaigh sé fhéin isteach fén gcomhra mar cheathrú fear. Fágadh an chomhra ar fad aige. Bhí sé ag tarrac na comhran leis go dtug sé abhaile í. Bhí an t-athair ar an dtinteán.

“Is fada a rith leat,” arsa an t-athair, “b’fhuiriste a aithint¹ ná héireodh leat sa deireadh.”

“Cad ’tá orm anois?”

“Tá an ainnise,” arsa an t-athair.

Bhain sé an ghlas² don gcomhra, agus cad a bhí istigh sa chomhra, ach amháin bean is í beo³. Thóg sé aniar í, agus do labhair sé léi. Níor thug sí aon tor air. Chuir sé ar chathaoir cois na tine í. Déarfá go raibh sí ana-shásta lé labhairt, ach ní fhéadfadh sí é. Thug sí seachtain ansan. Ní raibh aon fhocal lé fáilt bhuaithi. Is ea, ní fhéadfadh sé fanacht age baile gan a bheith ag imeacht. Bhí sé ag gabháilt thar lios oíche.

“Tá bean bhreá aige siúd, ach is beag an mhaitheas do í,” arsa an guth istigh, “mar do chuireas-sa biorán suain ina ceann, agus ní fhéadfadh sí aon fhocal a labhairt go deo faid is beidh sé ina ceann gan é a bhaint as.”

“Tá go maith,” arsa é sin ina aigne fhéin.

Do ghluais sé air abhaile, agus d'fhéach sé ar a ceann. Fuair sé an biorán suain, agus thairrig an biorán suain aisti, agus do thosnaigh sí ag caint go hana-mhaith. Nis sí dho carb as í, agus cérbh é a hathair. Do chuir sé scéala chuige. Más ea, níor thug sé sin aon tor air. Chuir sí scéala eile chuige, agus do tháinig sé, agus chuir sé míle fáilte roimpi, agus is é an rud a bhí ag an réic á bharra go bhfuair sé lé pósadh í, agus fuíollach airgid.

¹ l.s. 'h-aínte'

² Meabhraíonn nóta ó SÓD gur 'clúid' atá i gceist leis an bhfocal seo.

³ c.f. ATU 1354 C.

114. *Bean chupaí a tharrac*

31.12.44

CBÉ, 967: 52-53

Bhí bean insa Daingean fadó, agus dá mbeadh aon scéal agat a theastódh bhuit a dh'fháilt amach, dul chúichi, agus gheobhadh sí cupaí, agus san am go mbeadh na cupaí tairrigthe aici, bheadh a fhios aici do chúrsaí. N'fheadar cad é an saghas cupaí¹. Bhí fear ar an gClochán Dubh, agus do goideadh feircín ime bhuidh. Do chuaigh sé 'on Daingean go dtí bean na gcupaí. Thairrig sí na cupaí.

“Beidh sé fachta romhat,” arsa í sin, “i ngiorracht deich ramhainne do chlaí na teorann,” arsa í sin, “cífídh tú é. Ní bheidh sé tógtha ar fad san am go sroichfidh tú.”

Chuaigh sé abhaile, agus nuair a tháinig sé go Barra an Mháma, do chonaic sé in aice lé cláí na teorann na daoine bailithe, agus feircín ime tógtha amach acu ó chloch talún a bhí ann.

¹ Deir SÓD linn ná “ná raibh aon chuntas ag an gCrimhthanach ar cad a dheintaí leis na cupaí.”

115. *Fear a chuaigh ag lorg leighis ar alltach mná*

[?].6.44

CBÉ, 936: 428-429

Chuala trácht ar fhear a chuaigh ag lorg leighis ar alltach mná. Bhí sé pósta, agus pé rud a bhí air, chuaigh sé chuichi.

“Ní fhéadfainn éinní a dhéanamh inniubh duit,” arsa í sin, “ach cuir teachtaire ag triall orm amáireach, agus b'fhéidir go ndéanfainn leigheas duit. Ach ná tair féin in aon chor,” arsa í sin.

Chuaigh sé abhaile, agus bhí máthair a chéile agus a bhean age baile, agus nuair a tháinig an mhaidean, d'iarr sé ar a bhean dul a d'iarraidh an leighis, ach bhí tinneas éigin uirthi, a dúirt sí. Dúirt sé lé máthair a chéile dul ag triall air. Bhí sí óg láidir. Ó, bhí rud éigin eile ar mháthair na céile. Ghluais sé féin, agus chuaigh sé 'dtí bean an leighis.

“Canathaobh,” arsa í sin, “nár dheinis rud orm, agus teachtaire éigin a chuir ag triall orm, agus gan tú fhéin a theacht. Ná raibh do bhean nó máthair do chéile agat lé cuir ag triall orm.”

“Bhí gearán éigin ar bheirt acu,” arsa é sin.

“Bhí a lán orthu,” arsa í sin, “á ba mhaith leo teacht, ní fhéadfainn éinní a dhéanamh inniubh duit,” arsa í sin, “ach tair amáireach.”

“Ní fhéadfá,” arsa é sin, “ná aon lá eile ach an méid oighrigh¹ atá agat, agus tá do dhóthain do san agat.”

Rug sí ar leabhar a bhí ar an bhfuinneog. Bhíodh an leabhar age mná an leighis ar fad.

“Dar an leabhar so,” arsa í sin, “ná déanfaidh mé aon leigheas go deo aríst má bhíonn tú id bheathaidh fé thráthnóna anocht.”

“Dein do dhícheall,” ar sisean.

Chuaigh sé abhaile, agus má chuaigh, bhí na prátaí beirithe roimis, agus d'ith sé lán a bhoilg acu,

1 l.s. 'éirigh'

agus nuair a bhíodar ite aige, do luigh sé siar ag gáirí, agus do chrom sé ar gháirí, agus ar gháirí.

D'fhiarthaigh a bhean do cad a bhí air.

“Muise mo thrua an bhean leighis,” arsa é sin, “a dúirt go ná beinnse im bheathaidh fé
inniubh”

Léna linn sin, tháinig taom air, agus do thit sé don gcathaoir ar an dtalamh, agus d'fhan sé ansan.

Cailleadh é.

116. *Daoine ar creideadh bua neamhshaolta a bheith acu*¹

[?].2.49

CBÉ, 1151: 78-87

Tá a fhios agam éinní amháin, leanbh a chuimleodh a theanga d'earc go mbeadh leigheas aige ar dhó. Bhí an leigheas san age m'athair, agus ní dhódh an neantóg é. Thagadh sé in imeall coill neantóg, á stracadh lena lá, agus ní dhódh an neantóg é. A athair a chuir iachall air é a dhéanamh, agus é ina leanbh. An fear críonna a bhí againne, bhí sé ag imeacht timpeall, agus chuaigh a lámh 'on tine. Bhí gach aon scread is béic aige. Dúirt sé liomsa é a chimeád do. Chimil sé a theanga dho. Níor chlog aon phioc do, ach abháirín anso istigh i ladhair a mhéire. Níor fhéad sé an teanga a dh'oibriú istigh. Is dócha ná déanfadh aon duine a chárta a thógaint in airde aimsir na sácrála sa tsáipéal. Thug m'athair agus Loingseach ón gClochán Dubh dhá oíche ag foghlaim chártaí, agus an tríú oíche, bhíodar nótáltha. Bhíodar ag buachtaint fé mar ba mhaith leo. Níorbh fhearr leo bó a bhronnadh orthu. Ach uair a bhíodar ag teacht abhaile:

“An dtiocfair istoíche amáireach?” arsa an Loingseach le m'athair.

“Faid is mairfidh mé aríst, ní bhéarfaidh mé ar aon chárta,” arsa m'athair.

“Tá beirt againn amhlaidh,” arsa an Loingseach.

Níor rug éinne acu ar aon chárta as san amach. D'éirigh beirt éigin chun a chéile i dtig na gcártaí, agus bhí dhá scian acu, gach duine acu agus an scian buailte suas leis an tarna duine, agus dá sáfadh duine acu, bhí an bheirt sínte. Deir siad comh luath is buailtear an t-airgead ar an mbord chun imeartha go bhfuil an diabhal fén mbord.

Ar chualaís riamh duine go mbeadh seamróg na gceithre gcluas aige, go dtuigfeadh sé cad a bheadh ages na madraí á rá lena chéile?

Bhí máthair chríonna agamsa, agus níor ghá dhi ach dul ansan amach, agus ó labhrais, bhí sé aici, ach níor chuala go dtuigfeadh sí na madraí. Bhí ana-leigheas ages na McMahons Ghlaise Bheag. Ní

¹ Ba é ‘Individuals credited with supernatural powers’ an teideal a cuireadh ar an méid seo sa lámhscríbhinn (c.f. “special powers” in *A Handbook of Irish Folklore*, 1942: 185)

fhéadfadh an fear piast¹ bhaineann a leigheas, ná ní fhéadfadh an bhean piast fhireann a leigheas.

Tháinig sí ar m'athair, agus chuaigh sé go dtí McMahon. An tarna maidean a chuaigh sé chuige:

“Níl aon bhaint agam leat,” arsa é sin, “piast bhaineann is ea í. Caithfí dul ’dtí bean go bhfuil an leigheas aici.”

“Cá bhfaighfead í?” arsa m'athair.

“Féadfair a bheith ag cur a tuairisce,” arsa é sin, agus bhí a fhios aige go maith cá raibh sí.

Fuair sé amach í. Bhí sí thíos ar an gcaladh. Driofúr do féin². Do bhain sé amach í.

“Caithfidh tú teacht naoi maideanacha anois,” arsa í sin.

“Ní gá dhom teacht aon mhaidean,” arsa í sin, “mar féadfair teacht in aonacht liom.”

“Ní fhéadfainn a bheith in aon tig leat,” arsa í sin, “is é áit a gheobhaidh tú me ar maidin amáireach i mBaile an Rannaigh thiar.”

Scaoil sé fé Bhaile an Rannaigh ar maidin lá arna mháireach. Imbriathar, má dhein, go raibh sí ag faire, ach bhí sí amuigh roimis. Chuaigh sí ag obair. Ní fada a bhí sí ag obair nuair a tuigeadh do gur sádh bior iarainn isteach ina chorrán.

“Is ea,” arsa é sin, “ní gá dhom teacht aon mhaidean eile. Tá an gnó déanta anois,” arsa é sin.

“Tair maidean eile ach go háirithe,” arsa í sin, “d’fhonn is go mbeadh deireadh agat leo go deo aríst.”

Níor chuaigh, is bhí a dhóthain d’aithreachas air ina dhia’ san. Bhí leigheas feorsaí ages na McMahons leis. Bhí bean acu pósta age Dáithín Ruiséal, bhí sé aici. Nuair a chuaigh an mac as a mheabhair ansan, d’éirigh sí as. Ní raghadh sí ag déanamh aon leighis go dtí éinne. Tháinig Bric aniar ós na Gorta Dubha le capall chúichi, agus dúirt sí leis go raibh sé tugtha suas aici mar gheall ar a mac. Ach bhí sé ag déircínteacht ana-thruamhéalach uirthi ach go háirithe. Ghoin sé ana-mhór í. Tháinig trua aici dho. Dúirt sí leis gul go dtí an sagart, is má gheobhadh sé cead ón sagart go ndéanfadh sí an leigheas. Chuaigh sé go dtí Father O’Leary.

¹ “Neascóid a bhíonn ag cur forchroicinn di. Áirítear gur piast fé ndear í” – SÓD.

² ‘McMahon’ a bhí i gceist dar le nóta ó SÓD.

“Abair léi teacht isteach ’on tsaicristí chugham Dé Domhnaigh,” arsa é sin.

Do chuaigh, is d’fhiarthaigh sé dhi conas a dheineann sí an leigheas. Dúirt sí an phaidear so a dheineann an leigheas.

“Lean ar do leigheas,” arsa é sin, “ní hé do phaidear atá ag déanamh aon díobháil duit.”

Leighis sí an capall, agus bhí sí á leigheas as san amach.

Cé bhuaidh a dh’fhaigheadh na daoine seo an leigheas?

N’fheadar cé bhuaidh a dh’fhaighidís é, ach níor mhaith le cuid acu é a thabhairt do mhac ná d’inion leo le heagla go ndéanfadh sé aon díobháil dóibh. Níor mhaith leo aon leigheas a dhéanamh gan diabhláocht éigint a d’fháil as. Chosnaíodh an diabhláocht ar chuma éigint.

Bhíodh spealadóirí ag imeacht fadó, agus deiridís ná faigheadh an spealadóir saol fada, mar go mbíodh an iomarca luibheanna¹ gearrtha acu, agus níl aon luibh ag fás as an dtalamh ná go bhfuil leigheas éigint ann, á mbeadh a fhios age duine é.

Cluas gabhair mar leigheas²

Nár bh ait an leigheas a fuair fear ná raibh aon ghamhain ag maireachtaint aige. Fuair sé mar oideas an chéad bhó leis a bhéarfadh, á mbeadh aon dul aige ar aon mhionán, an chluas a bhaint amach ón gceann do, is é a chuir isteach i gcluais an ghamhna. Do dhein, agus níor cailleadh aon ghamhain air an bhliain sin, ná an bhliain ina dhiaidh. Theas i gCom Ga a bhí sé seo, athair críonna Jack Pheaid úd thiar. Lá, bhí m’athair ar an gCnoc. Bhuail sé chuige ar an gcnoc, Cathair Scoilbín anso thuaidh, agus bhí gearrchaile, a leithéid sin do ghabhar a bhí bhuaidh.

“Tá na gabhair,” arsa m’athair leis, “age bun pháirc Chathair Scoilbín.”

“Ní fhéadfaidh mé treabhadh aníos go deo leo,” arsa é sin.

“Raghadsa síos duit,” arsa m’athair leis.

D’imigh sé. Chuaigh an gearrchaile in aonacht leis. Bhagair sé aníos na gabhair. Do bhí gabhar acu,

¹ l.s. ‘luíona’

² c.f. §175 | CBÉ, 968: 170-171, leis.

agus bhí an chluas gearrtha isteach 'dtí an gceann do. D'fhiarthaigh sé dho canathaobh go mbaineadh an chluas comh doimhin do. D'eachtraigh sé dho ansan.

Leigheas i Siolán

Nách mór an *power* atá ag an gcórda a chrochann na daoine go bhfuil leigheas ann, leigheas ar “runnin’ evil.” Bhí sé thíos ar an gClochán Dubh, Leary. Trócaire air. Bhí an “runnin’ evil” air. Ó Uíbh Ráthach ab ea é. D'imigh sé chun Uíbh Ráthaigh. Bíonn a lán tuairiscí in Uíbh Ráthach, agus fuair sé amach duine éigin go raibh sé aige. Tháinig sé abhaile is é leighiste.

***Céile shagairt*¹**

Seana-mháthair Mhaidhc O'Donnell anso thíos, bhí an fear ana-bhéiteáltha². Bhuaile bean leighis isteach chúthu, agus dúirt an bhean leighis léi ná féadfadh sí éinní a dhéanamh do, ná raibh an leigheas age éinne ach age céile shagairt.

“Cail sí sin le fáil,” arsa í sin.

“Tá sí i gContae Luimnigh,” arsa í sin, “féadfair Contae Luimnigh a chuardach di. Tá sé i bpáirt éigin ann.”

Dhein sí suas í féin chun scaoileadh fén mbóthar, agus sarar ghaibh sí amach do tháinig bean siúil isteach, agus garsún in aonacht léi, agus ní rabhadar ach tagaithe isteach nuair a léim cearc amach as an gcúib tréis ubh a bhreith. Do rith an garsún, is do ghreamaigh sé an t-ubh. Do thairrig an mháthair le clabhata baise air.

“A, a bhean ghránna,” arsa bean an tí, “go ndéanfá é sin ar leanbh mar gheall ar ubh.”

D'imigh bean an tí, is thug sí dhá ubh eile dho i dteannta an uibh.

“Mo ghraidhin mise,” arsa í sin, “atá ag scaoileadh fé bhóthar fhada, agus ná feadar cé a dhéanfaidh aon déirc orm.”

¹ Tá cur síos ar an eachtra seo in §179 | CBÉ, 967: 482-483 chomh maith.

² Bhí seanchas bailithe ag Seosamh Ó Dálaigh ina thaobh seo roimhe sin in CBÉ, 967: 482-483, áit a ndúirt an Criomhthánach gurbh é galar an “*running evil*” a bhí i gceist.

“Caileann tú ag dul?” arsa an b[h]ean tsiúil.

Bhí a fear insa chúinne, is leaba fé.

“An t-íomard atá air sin,” arsa í sin, “dúrtas liom ná raibh age éinne aon leigheas air, ach age céile shagairt, agus dúrtas liom gurb é an áit a gheobhainn í i gContae Luimnigh.”

Do dhein an bhean tsiúil osna dhubhach chráite.

“Is dealraitheach,” arsa í sin, “an rud ná ceileann Dia ná ceileann daoine. Ní gá dhuit do chos a chorraí anois,” arsa í sin.

Thug sí cúpla lá ina dteannta, is do leighis sí fear an chúinne. Nách ádhmharach a ghaibh sí isteach chúichi.

Conas a leighis sí é?

Ó, le paidreacha.

Ní haon scéal “dúirt sé dáirt-se” é seo. Bhí an bhean féin ag eachtraí dhom air. Nách simplí an leigheas atá ar chrampa a bheadh id mhuineál – do shile a chimilt do ar maidin, agus tu ar céalacan.

An craosgalar

Leabh a saolófaí tréis bás a athar, bheadh leigheas aige ar c[h]raosgalar. Níor mhór do a bheith ar céalacan, agus níor mhór don leabh go mbeadh an craosgalar air a bheith ar céalacan. C[h]uirfeadh sé¹ a ineáil trí huair siar i mbéal an linbh ar feadh trí maideanacha. Deir siad go bhfuil an leigheas san ag an ngandal bán. Leighisfeadh gandal bán é sin, á mbéarfá ina chodladh ar maidin air, is é sin, gan aon p[h]riocadh a bheith déanta aige ar éinní, agus a ghob a chuir siar i mbéal an linbh. N’fheadar cén méid uair².

¹ .i., “an té a saolófaí tréis bás a athar” – SÓD.

² Sholáthair SÓD an méid seo ag bun na míre: “bhí bean an Chriomhthanaigh láithreach nuair a bhí an seanchas so ar siúl. Thug sí an méid seo eolais dúinn: an seachtú mac i geónaí a bheadh leigheas aige ar phiast (SÓD: saghas áirithe [n]eascóide gur piast fé ndear í) ach tréis é a shaolú péistín a chuir ar a d[h]earnan. Comh luath is buailfaí ar chroí a dhearnan í, caillfaí í, agus bheadh leigheas na péiste aige sin. Chuala cuir síos ar fhear an bhí i bParóiste Fionntrá, agus nuair a marófaí muc, go n-óladh lán balla don bhfuil. Níor chuala go raibh aon *phower* aige, ach chuala gur mhair sé ana-chríonna. Deir siad nár cheart do bhean a bheadh ag iompar linbh a bheith ag baint neantóg. Deiridís go mbeadh cos cham nú mácáil éigint ar an leabh.” Tá a thuilleadh seanchais i dtaobh leigheas ar phiast a bhailigh an Dubhdach ó Sheán le fáil in CBÉ, 1115: 71.

117. *An bhleait*¹

[?].8.44

CBÉ, 965: 51-52

Peaidí Liam a bhí ar an mbaile seo, ghaibh sé amach Domhnach. Bhí sé istigh aimsir aifrinn, agus bhí sé thuas age ceann an tí i ngort atá ann – chuala sé thiar ar ghualainn an chnoic, fé mar buailfaí buile dh’ord ar shathach folamh. Bhí sé ag féachaint agus ag féachaint, is ní fheaca sé duine ná daon. Timpeall lé dathad ramhann aniar ón áit sin, tuigeadh do gur buaileadh arís é, agus bhí sé ag féachaint, agus ag féachaint, agus buaileadh an tríú huair, agus é cóngarach go maith dho. D’imigh sé isteach abhaile ansan, agus a dhóthain d’eagla air, agus an oíche sin, bhí an áit sin lastuas i leith, bhí sé fé phrátaí, agus maidean lá arna mháireach, ní raibh gas lé fáil ann ná raibh bleaisteáltha. Is iad na daoine maithe is dócha a dhein an fotharam, agus a bhleasteáil na gais.

¹ Bhí leagan den mhír seo bailithe leis ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 1115: 52.

118. *Bean a sciobadh i mBaile na Saor*

18.2.45

CBÉ, 967: 512-514

Is é áit a bhíodh stoc á dhíol fadó thíos ar an sráid sa Daingean, agus do ghaibh fear ón Leitriúch an tsráid aníos lá. Do bhí m'athair ar an sráid. Do chuaigh sé chun cainte leis.

“Téanaim isteach,” arsa é sin.

Do chuadar isteach, agus do ghlaigh sé ar leathphiúnt fuiscí.

“Cad chuige an méid sin?” arsa m'athair.

“Ó, ólfaimid i dteannta a chéile é,” arsa é sin.

In airde ar an lochta a chuadar. Nuair a bhí braon beag fuiscí ólta acu:

“An mbeadh aon mhisneach agat?” arsa é sin lé m'athair, “dul in aonacht liom anocht?”

“Cad é an áit?” arsa m'athair.

“Soir go Baile na Saor,” arsa é sin, “tá púir mhór lé himeacht anocht as, ach dá raghfása in aonacht liom,” arsa é sin, “bheadh ana-sheans go dtabharfaimís saor í, máthair leanbh.”

Do tháinig crith cos is lámh ar m'athair. B'fhearr leis go mbeadh sé amuigh ar an sráid.

“Ná bíodh aon eagla ort,” arsa é sin, “nílimse id *forceáil* in aon chor, ach dá raghfá im theannta, dhéanfá an-áis. Ní heolach dom éinne eile,” arsa é sin, “a d'fhéadfadh é a dhéanamh ach tú.”

D'imíodar óna chéile, agus i gcionn trí lá, do chualaigh m'athair go raibh an phúir mhór caillthe. Tamall ina dhiaidh sin, do chuaigh sé 'on Leitriúch i gcomhairí, agus má chuaigh, do chonaic fear na bpúcaí ag teacht é. Is é an ainm a bhí air – Seán Ó Murchú ab ea é. D'imigh sé ina choinnibh.

“Is ea,” arsa é sin, “an gcualaís í siúd a chailliúint?”

“Do chuala,” arsa m'athair.

“Á raghfása in aonacht liom,” arsa é sin, “an oíche sin, bheadh ana-sheans go saorfaimís í.

Is dócha go dtabharfáir cúpla lá anois,” arsa é sin, “gan dul abhaile, thá a lán daoine muinteartha anso agat.”

“Tabharfaidh mé,” arsa m'athair.

“Beidh ceathrar don saghas céanna caillte thiar romhat,” arsa é sin.

D'ainmnigh sé dho gach aon áit anso timpeall go mbeadh duine acu caillthe, agus nuair a tháinig sé abhaile, do bhí an ceart aige. Do bhí nach éinne dhon gceathrar caillthe.

“Canathaobh é seo?” arsa m'athair leis.

“Níl aon seachtú bliain,” arsa é sin, “ná bíonn cogadh aige daoine maithe íochtar na hÉireann, agus age daoine maithe uachtar na hÉireann, agus an bhliain a bhuafaidh an t-uachtar ar an áit seo,” arsa é sin, “imeoidh mórán do mhná leanbh an bhliain sin as.”

Sin é mar a d'fhág sé aige é.

119. *Cú i mám Bhaile na nÁth*

[?].1.46

CBÉ, 979: 69-70

N'fheadar an mbíonn rí ar na fairies?

Bhí driotháir do Tom Baker an Daingin, bhí se pósta theas i mBaile Uí Shé. Tháinig sé anso thiar go tig a mhuintire tráthnóna. Bhí an oíche aige ag fágaint, ach do bádh é ag dul trasna Abha Imleach an Gharráin. Thug pílears an Daingin¹ síos 'on Bheairic é. Bhí m'athair sa Daingean, agus bhí O'Donnell a bhí ar an mbaile seo sa Daingean. Ach i gceann tamaill don oíche, dúirt O'Donnell go raibh sé in am dul abhaile.

“Féadfairse dul abhaile” arsa m'athair, “ní raghadsa abhaile in aon chor. Tabhair cuntas age baile ná fuilim i mbun dul abhaile.”

Ach ghluais O'Donnell abhaile, agus é anuas ó chor an mháma thiar, Baile na nÁth, tháinig an-eagla air. Le linn an eagla a theacht air, do léim cú trasna an bhóthair, léim sí an bóthar ar fad, is ní raibh sé ach léimte síos nuair a léim sí suas. Bhí sí mar sin ag teacht roimis nú go raibh sé ag déanamh i leith ar an mbaile. Nárbh ait an rud é. Is dócha gur saghas sprid í sin.

¹ l.s. “na pílears an Daingin”

120. *Na daoine maithe*

[?].1.46

CBÉ, 979: 37

Cá mbíonn na fairies, nú pé ainm a thugann tú orthu, chun cónaithe?

Deir siad go bhfuil siad sa liosanna, cuid dos na liosanna. Bhí fear a bhí gafa trí mhóran leabhartha, bhí sé á rá le m’athair go raibh cuid dos na liosanna ana-dhainséarach. Dúirt sé go raibh cuid dos na liosanna agus gur dhearbhaíodar a chéile féachaint ina dhiaidh beo agus marbh agus go rabhadar san ana-chontúrtach, ach ná raibh aon aithint orthu ós na liosanna eile, agus dúirt sé go mb’fhearr gabháilt tharsthu ar fad.

Cén pátrún daoine iad?

Chuala gur rudaí beaga iad, agus caipíní dearga orthu.

An bhfaighidís bás?

Deireadh na seandaoine go cuirtaí in ionad duine óg ar an saol so iad chun ola agus aithrí a dh’fháil, agus go bhfaighidís bás ansan. Chonacsa féin solaoide go ndeintear daoine a scuabadh. Ní mór go n-eachtraíos d’éinne ó shin é, agus an mhuintir an bhí in aonacht liom, bhíodar lán do dheoch. Níor thógadar aon cheann don scéal. Chonac anso thíos, bhí cailín óg cailte thíos i nGallros, agus cuireadh anso thíos í, agus bhí tamall maith ina dhia’ san nuair a cailleadh a máthair, agus an mhaidean a bhí sí le cur, tháinig ceathrar ag oscailt an uaigh, agus nuair a bhí an uaigh oscailte acu, dúirt cuid acu nár chás comhra a bhí istigh a bhriseadh, comhra éigin a bhí istigh le fada roimis sin. Bhí duine dhos na buachaillí, *cousin* di ab ea é.

“Ní maith liom í a bhriseadh in aon chor,” arsa é sin, “go dtiocfaidh an driotháir mar b’fhéidir ná taitneodh sé leis í a bhriseadh.”

“Dhé! Tá a dhriotháir *alright*,” arsa duine eile acu, “agus ní cás í a bhriseadh, ní thiocfadh sí amach slán.”

Do briseadh an chomhra¹, agus ní raibh aon bhlúire cnámh istigh sa chomhra ach oiread atá ansan¹,

¹ l.s. ‘chúra’ tríd síos

is níor thóg éinne acu aon cheann di, ach amháin mise. Agus nách sciobaithe a bhí² an cailín sin.

¹ “Ar an urlár” a mheabhraíonn nóta beag ó SÓD.

² Líne ag SÓD faoin bhfocal seo sa lámhscríbhinn, le béim a chur ar an bhfocal is dócha.

121. *Na fairies*

[?].1.46

CBÉ, 979: 67-68

N'fheadar an mbíonn rí ar na fairies?

Is dócha go mbíonn rí orthu agus banríon. Bhí Gearaltach anso thíos ar an gClochán Dubh. Bhuail sé breoite. Ach maidean a dh'éirigh a bheann, chuaigh sí amach go dtí seomra an bhainne. Ní raibh aon veiste sa tseomra ná raibh lán d'fhuil. Bhí bruíon timpeall air is dealraitheach. Ach cailleadh é. Is dealraitheach ná raibh cabhair a dhóthain aige. Is dócha gurb iad dream an leasa a bhí a d'iarraidh é a thabhairt leo, agus na daoine muinteartha a bhí tréis a bháis a bhí á chosaint.

Connor a bhí anso thiar nuair a aistríodar an tig nódh an uair sin. Bhí m'athair thiar ann oíche, agus bhí a bhean ag fuáil thíos. Bhí m'athair agus Connor cois na tine ag caint. Seo léi chúthu aníos, agus uafás uirthi, agus an léine a bhí aici á fhuáil ina dorn aici. Is amhlaidh a thit trí bhaill fola ar a léine.

Ar thit aon rud amach ina' dhia san?

Níor chuala gur thit éinní amach.

122. *Tábhacht na buaraí*

[?].11.47

CBÉ, 1035: 10-11

Buaraigh ruainní ar fad a bhíodh fadó ann. Chuala cuir síos ar fhear a chuaigh ag triall ar asal is ar úim. Bhí an úim briste, agus is é an rud a bhí á fáscadh, buarach na bó. Thug sé leis an úim, agus an t-asal, agus nuair a bhí a ghnó déanta aige leo, chuir sé abhaile aríst iad, ach níor tháinig an bhuarach. Ní bhfuairadar san éinní 'o bharra a gcuid bainne ar feadh dhá bhliain, agus bhí an fear eile lán d'ím, agus bhí a fhios acu é sin leis. Chonaiceadar é, mar comharsain ab ea iad ar an mbaile céanna.

Buarach agus bó a sciobadh

Bhí bó age m'athair críonna. Tháinig taom uirthi, agus chaill sí a héirí. Caitaí cabhair a bhailiú chun í a thógaint. Bhíodar istigh tráthnóna Domhnaigh tréis an Aifrinn. Bhí cabhair mhaith istigh chun í a thógaint. Bhíodar suite. Ní raibh aon deabhadh orthu. Bhí an bhó ina luí, is d'éirigh sí d'aon phreib amháin. Bhí iontas orthu mar d'fhaighidís dua maith í a thógaint roimis sin. Chuaigh sí ag cogaint a círe. Ansan, i gcionn trí neoimintí, dhein sí béic. Tógadh léi, agus buaileadh ar chnámh a droma í. Bhí an bhuarach ar a ceann. Ní fheacadar aon phioc don mbuaraigh ó shin. Is amhla a sciobadh í. Dheineadar amach gurb amhla a bhí sí ag teastáil ós na daoine maithe. Ní déanfaí aon nath dho mara mbeadh an bhuarach a dh'imeacht.

123. *An bhean chabhartha sa lios*

[?].7.44

CBÉ, 936: 408-410

Bhí máistir scoile a bhí anso thíos, bhí se ag eachtraí dhomhsa ar bhean chabhartha. Ní raibh éinne ina teannta ach í féin sa tig. Bhí sí oíche bhreá ghealaí sa leabaidh. Tháinig fear agus capall iallaite aige. Níor dh'aithin sí in aon chor é. Dúirt sé léithi a bheith ullamh go tapaidh. Chuaigh sí ar an dtaobh thiar do ar an gcapall, agus d'imigh sé ar nós na gaoithe. Bhí sí ag imeacht léi, agus n'fheadar sí cá raibh sí ar deireadh. Ach d'ardaigh sé leis í, agus rug sé go dtí tig í. Chuadar isteach, agus do bhí *hall* ag gabháil isteach ansan, agus é lán do dhaoine, na daoine ba ghránna¹ a chonaic éinne riamh. Ach d'imigh sé seo roimpi, agus rug sé isteach i seomra í. Bhí an bhean bhreóite sa leabaidh. Thug sé buidéal di, don mnaoi chabhartha, agus bruis.

“Nuair a saolófar an leanbh anois,” ar seisean, “cimil an buidéal san dos na haon ruainne dho leis an mbruis, agus ná téadh aon ruainne dho ort fhéin.”

Dhein sí fé mar dúirt sé, agus ráinig gur chuaigh *spatter* fé shúil léi. Dúirt sé léi teacht anois go gcuirfeadh sé abhaile aríst í. Chuir sé abhaile aríst í. Ach nuair a dh'fhéach sí leis an súil gur chuaigh an *spatter* fúithi, ní raibh aon ní iontu² ach bileoga, bileoga cruinn. Dhein sí go hana-mhaith. Níl aon lá na cuireadh sí cúram ceann acu dhi. Bhí uafás ar lucht na siopaithe cá bhfágadh sí na *sovereigns*. Bhí sé lá ar aonach, agus bhí *crowd* mór daoine ar an sráid. Cé a chífedh sí ina measc, ach an té a tháinig ag triall uirthi leis an gcapall. Dhein sí féna dhéin, is do bheannaigh sí dho. Do tháinig dhá shúil do. D'fhiathraigh sí do conas a bhí an bhean, agus an leanbh. Dúirt sé go rabhadar go maith.

“Ciacu súil,” arsa é sin, “go gcíonn tú mé leis³?”

Nis sí dho. Bhuaile sé bas ar a súil, is leig sé ansan uirthi. Ní fheaca sí as san amach é. Máistir scoile a bhí ar scoil na súpanna anso a bhí á dh'insint dom. 'Footcroft' ab ainm do. Fear ana-dheas ab ea é

¹ l.s. 'ghráinne'

² “sa sovereigns” atá i gceist aige, a mheabhraíonn SÓD dúinn.

³ Bhí 'léi' idir lúibíní cearnógacha ag SÓD toisc an réamhtheachtaí 'súil' a bheith baininsneach, dar ndó.

ar a shon é a bheith ina Shasanach. Is dócha go bhfuil chúig mbliana is dathad ó bhí sé anso. Bhí sé timpeall lé trí fichid an uair sin. Bhí Éire ar fad siúltha aige, ag imeacht ag múineadh scoileana. Bhí sé féin is a bhean ann, agus beirt leanbh. Scrígh sé chugham tréis an áit seo a dh'fhágaint, agus is é áit go raibh sé ná thíos i County Down an uair sin. Níl aon scéal a bhíodh ar an bpáipéar ná niseadh sé dom.

124. *An buachaill a chaill a scian sa lios*

25.3.45

CBÉ, 968: 295-297

Bhí buachaill ón áit seo fadó ag imeacht soir thar Trá Lí ag tuilleamh a pháidh. Ach é ag gabháilt soir tríd an Leitriúch, do bhí lios ar thaobh an bhóthair. Bhí call ag fás istigh ann.

“On diabhal,” arsa é sin, “go mbainfidh mé maide i gcomhair an bhóthair.”

Do chuaigh sé isteach, agus do bhain sé an maide. Do shocraigh sé an maide. Nuair a tháinig sé amach ar an mbóthar, bhí fadharcáinín beag ar an maide a theastaigh bhuidh a bhaint anuas. Chuir sé a lámh ina phóca, is ní raibh a scian aige.

“Is ea,” arsa é sin, “is maith an áit a chuimhníos air.”

Chuaigh sé isteach aríst, agus ní bhfuair, agus do bhí sé ag déanamh blúiríocha don áit. Níorbh aon chabhair do é. Tháinig sé amach ar an mbóthar.

“Is cloíte an gnó dhom,” arsa é sin, “imeacht gan mo scian, is a fhios agam cá bhfuil sí.”

Chuaigh sé isteach aríst, agus do chuardaigh, agus ní bhfuair. Do tháinig sé amach, agus d’fhill sé aríst, agus do dhein sé blúiríocha dhon áit istigh.

“Is ea,” arsa é sin, “tá deireadh isteach agam,” ag bailiú leis amach.

Le linn é a theacht amach ar an mbóthar, seo scartaíl gháirí istigh sa lios. Do bhailimh sé leis, agus do thug sé tamall maith gan teacht, agus nuair a bhí sé ag déanamh ar an lios:

“Is ea,” arsa é sin, “is deas an scian a dh’fhágas anseo im dhiaidh.”

D’fhéach sé isteach, is chonaic sé bhuidh istigh í. ‘Dhóigh leat go raibh sí ag obair an neoimit chéanna comh friseáilte, is bhí sí riamh. Chuala ná raibh aon fhocal bréige sa mhéid seo.

125. *Fuil duine ag déanamh leitean*

[?].7.44

CBÉ, 936: 562-565

Bhí feirmeoir thíos ar an gClochán Dubh. Bhí cailín aimsire aige, agus siar i ndeireadh na bliana, timpeall na Samhan, nú níosa dhéanaí, bhí cuigeann bailithe acu, agus bhí sí ana-righin lé déanamh. Bhí sé déanach sa lá nuair a bhí sí déanta.

“Nách mór an trua,” arsa bean an tí, “ná fuil aon tsalann anois againn.”

“Raghadsa ’on Daingean ag triall air,” arsa an cailín aimsire.

“Tá sé ródhéanach anois,” arsa bean an fheirmeora.

“Á, níl,” arsa í sin, “beidh an oíche bhreá geal.”

D’imigh sí uirthi, is bhain sí an Daingean amach. Nuair a bhí sí ag teacht abhaile – muintir an Chlocháin Duibh fadó, ní mór go ngaibheadh aon choisí acu an bóthar, ach an cóngar siar chun Cathair Deargáin, ach tá lios thiar age tig Bhaker i gCathair Deargáin – bhí an cosán ag gabháilt do bhéal an leasa, is nuair a bhí sí ag teacht abhaile, í ag gabháilt do bhéal an leasa, do labhair an duine léi.

“Dhera, mhuisse, beir ar láimh orm,” arsa é sin.

Cailín cruaidh láidir misniúil ab ea í. Rug.

“Cuir ar do dhrom anois mé,” arsa é sin.

Do dhein.

“Beir go dtí an dtig sin ansan mé,” arsa é sin.

“Ná fuil siad san ina gcodladh,” arsa í sin, “anois is dócha.”

“Ó, is cuma dhuit,” arsa é sin.

D’oscail an doras rompu isteach. Scaoil sí bhuaithi istigh é, is shuigh sé ar chathaoir.

“Faigh an scilléad san thíos anois,” arsa é sin, “agus cuir braon uisce ar an dtine.”

Fuair sí an scilléad, agus ní raibh braon uisce lé fáilt.

“Féach an bhfuil uisce salach nó glan ann,” arsa é sin.

Ní raibh uisce salach ná glan lé fáilt.

“Geobhadsa uisce,” arsa é sin.

Fuair sé áras agus scian, agus chuaigh sé síos ’dtí beirt bhuachaillí óga a bhí insa leabaidh, agus do thairrig sé a gcuid fola. Thairrig sé chuige máilín beag ansan, agus do bhí min insa mháilín. Do dhein sé leite. Ach nuair a bhí an leite déanta, thug sé pláta don leite don gcailín agus pláta do féin.

“Ith é sin,” arsa é sin.

D’fháisc sé air chuige, agus ampla air á dh’ithe. Do lig an cailín uirthi go raibh sí á dh’ithe, is ní raibh ná a bhlaiseadh ach an seál léna béal, is bhí sí á chuir anso síos. Nuair a bhí an pláta ite aige fhéin, arsa í sin:

“Ní fhéadfainn a thuilleadh dho a dh’ithe.”

Thóg sé an pláta bhuaithi, is chríochnaigh sé féin an pláta. Bhí sé sásta ón uair go raibh aon phioc do ite aici.

“Is ea,” arsa é sin, “á mbeadh uisce istigh acu¹, níor ghá dhóibh an méid seo a bheith imithe orthu agus,” arsa é sin, “agus is suarach an rud a leighisfeadh iad san amáireach,” arsa é sin, “ach beidh siad gan leigheas. An leite sin atá ite age beirt againne, á mbeadh blúirín do á chimilt dá muineál, bheidís comh maith is bhíodar riamh, ach beidh siad gan é. Cuir ar do dhrom anois aríst mé,” arsa é sin.

Do dhein.

“Ardaigh leat anois mé,” arsa é sin, “go dtí an áit chéanna.”

D’ardaigh sí léithi é, agus nuair a scaoil sí isteach ’on lios é, mheas sé go gcaithfeadh sí a bheith ina dhiaidh, toisc an leite a bheith ite aici. D’iompaigh sí bhuaithi.

“Ná tiocfair isteach,” arsa é sin.

“Ní thiocfad,” arsa í sin.

Ní stad sí go mbain sí an Clochán Dubh amach, agus lá arna mháireach, bhí an tiomáint ar an mbeirt

¹ Tá macalla sa mhéid seo as an bpiseog ar a bhfuil míniú in §144 | CBÉ, 1035: 161, .i., nár cheart go mbeadh tigh gan uisce istoiche. Bhí a leithéid le fáil i seanchas na hIamáice chomh maith: “Do not let your house remain at nights without water, for the ghosts of those who have died in it will come back to drink water, and will show you some token of their displeasure should they find none,” (Rouse, 1905: 70).

bhuachaillí a fuarthas caillte insa leabaidh. Nuair a bhí a cúram déanta ar an gClochán Dubh aici, d'imigh sí fé dhéin tig an choirp. Bhí an bheirt buachaillí gan tógaint as an leabaidh fós, agus do thairrig sí chúichi a chuid leitean, agus do chimil sí do mhuineál na mbuachaillí é. Ní fada a bhí nuair a phreab na buachaillí aniar. Mheasadar gur ina gcodladh a bhíodar. Ach is é an íde a dh'imigh uirthi go bhfuair sí duine dhos na buachaillí lé pósadh agus an fheirm talún.

126. *Bean ón saol eile i gcairt*

[?].1.46

CBÉ, 979: 62-63

Bhí fear ó Pharóiste Múrach ag teacht ón nDaingean oíche. Bhí sé ana-dhéanach, agus age lios Bhaile Uí Shé, bhí bean ag siúl roimis ar thaobh an bhóthair. Is dócha go dtiocfadh eagla air mara mbeadh braon a bheith óltha aige. Ach nuair a bhí sé ag gabháilt thairsthi, d’fhiarthaigh sé dhi an dtógfadh sí marcaíocht tamall. N’fheadair sé cérbh í fhéin. Do chuaigh sí isteach ’on chairt. Níor labhair sí aon fhocal, agus nuair a thiomáin sé an capall, ’dhóigh leat gur tonna *weight* a bhí insa chairt. Pé rud a bhí óltha aige, níor fhan aon phioc dá chuimhne aige. Tháinig a leithéid sin d’eagla air. Nuair a tháinig sé go dtí an mám, nuair a bhuail an t-ard leis an gcapall, mheas sé ná bainfeadh an capall Barra an Mháma amach go deo. Age Barra an Mháma ansan a dúirt sí go dtiocfadh sí amach. Sin é an chéad fhocal a labhair sí.

“Is ea,” arsa í sin, “ní baol duit éinní anois,” arsa í sin, “go raghair abhaile, ach ní ionamsa a bhí an *weight* ar fad,” arsa í sin, “ach insa pheacaí a bhí orm, ach mara mbeadh go ndúirís liom teacht isteach,” arsa í sin, “do theangódh duit.”

Bhailimh sí bhuaidh.

Cé a dhéanfadh a dhíobháil mara dtógfadh sé í?

Í féin is dócha.

127. *Bó a bhíodh á chrú i Lios*

29.4.45

CBÉ, 968: 490-491

Bhí fear ann fadó, agus do bhí ceathair nó cúig do bha aige, ach bhí bó aige, agus níl aon mhaidean ná tagadh sí amach as an lios, agus í crúite. Ach d'ardaigh sé leis ar an aonach í, agus do dhíol sé í, agus lá arna mháireach, do bhí bó leis marbh i dtaobh an leasa. D'imigh sé an lá ina dhia' san go réabfadh sé an lios, agus do tháinig fear amach chuige.

“Tá ana-dhíthchéille ort,” arsa é sin, “ní raibh sé ceart agat an bhó úd a dhíol in aonchor, agus ní bheifeá chun deireadh in aon chor,” arsa í sin, “le í a chinneáilt, agus beidh tú chun deireadh ana-mhór má leanann tú dho bheith ag réabadh an leasa. Is fearra dhuit stad,” arsa é sin, “agus beidh an scéal i bhfad níos fearr agat. Téire go dtí an búistéir anois,” arsa é sin, “ag loirg an bhó air.”

Do chuaigh sé go dtí an búistéir is do loirg sé an bhó air. Dúirt an búistéir leis ná faigheadh. Tháinig sé abhaile, agus do bhuail fear an leasa leis.

“An bhfuairis an bhó?” arsa é sin.

“Ní bhfuairis,” arsa an fear eile.

“Téire chuige aríst,” arsa é sin “agus loirg.”

Do chuaigh sé chuige aríst, agus le barr feirge, d'éirigh an búistéir, agus ghlaigh sé ar bhuachaill a bhí aige ina theannta. Dúirt sé leis breith ar an mbó. Thug sé fén mbó, agus ní rith leis í a bhualadh. Thug sé chúichi aríst leis an dtua, agus is é an áit a bhuail sé é féin i gclár an éadain, agus do scoilt sé a cheann. Thit sé fuar marbh. Scaoil an buachaill an bhó bhuidh. D'imigh an bhó. Níor stad an bhó go mbain sí an lios amach. D'fhan an bhó aige.

128. *Duine a bhíonn ansan ina aonar*

[?].11.46

CBÉ, 979: 73-79

Nách ait an rud duine a bhíonn ansan ina aonar in áit go bhfeictear beirt ann. Bhíos lá ag triall ar chaoirigh ar Chnoc an Chlocháin Duibh. Bhíos ag bagairt na gcaorach liom, agus bhí m'athair sa ghort, agus bhí radharc maith aige orm. Ní raibh éinne lem chois. Nuair a thána chuige leis na caíora:

“Cail an fear a bhí led chois?” ar seisean.

“Ní raibh éinne lem chois,” arsa mise.

“Bhí fear led chois,” arsa é sin, “ó dh'fhágais barra an chnoic go dtáinís anuas 'dtí barra na bpáirceanna, bíodh sé beo nú marbh.”

Ní fheaca-sa éinne.

Bhí garsún linne thuas i Louth, agus bhí sé breoite ar feadh coicís. Bhíos fhéin im shuí anso mar a bhfuilim anois, agus chonaicís is dócha caid cheirte a bhíodh age garsúin, buaileadh an fhuinneog le ceann acu san siar sa tráthnóna. Ní raibh éinne timpeall an tí lasmuigh, agus ní fheacamar aon chaid c[h]eirte nuair a chuamar amach. Lá arna mháireach, tháinig tuairisc a bháis go raibh sé caillte ó thráthnóna inné roimis sin.

Á mbeadh duine ón áit seo le cur thíos i gClochán, ba é an áit a gheobhaidís leis Mullach Bhéal¹ síos. Dá mbeadh duine ó Chlochán le cur anso, Mullach Bhéal aníos. Théadh muintir na háite seo i gcoinne an choirp 'dtí Mullach Bhéal, nú thiocfadh muintir na háite thíos i gcoinne an choirp 'dtí Mullach Bhéal, ach nuair a bhuaileadh an dá dhream le chéile, bhíodh murdal acu féach' cé a bhéarfadh an corp thar teora. Bhíodh gach aon dream acu a d'iarraidh é a thabhairt thar teora.

An bhfeictaí sochraidí ag gluaiseacht ó áit go háit?

¹ “Baile i mbun chnoic i bParóiste an Chlocháin mar a raibh an seana-bhóthar” a bhí ann dar le SÓD.

Sin áit a thagadh sochraid ana-mhinic leis an oíche, ar an nGairfeanaigh¹, daoine éigin a cailltaí, is dócha tamall ó bhaile gur cheart iad a chur ann. Bhí uncail dom thoir ar an gCill Duibh timpeall an Choma, agus bhí uncail dom i gCill Choimín. Cailleadh fear Chill Choimín, agus cuireadh i gClochán é. Coicíos ina dhia' san, cailleadh fear an Chill Duibh, agus níor mhaith leo an uaigh a dh'oscailt comh tapaídh. Cuireadh thoir é. An oíche a cuireadh é, c[h]onaictheas an chomhairí ag gabháilt aníos. Bhí sé luath go maith insan oíche insan am go ngaibheadar aníos leis, ar ghuaile daoine, agus fuair sí tiomáint a thabhairt di. Chonaic cuid mhaith é sin. Bhí buachaill ó Bhaile na nGall féin thíos insa Chaisleán, agus chonaic sé é. Chuala ná raibh aon fhocal bréige ansan.

Cén bia a bhíodh sa lios acu?

Do bhí bia éigint acu ach go háirithe nár m[h]aith leis na daoine a fuadaítaí a dh'ithe go ceann tamaill, fhéach an mbeadh aon tseans iad a dh'fhuascailt, mar comh luath is dh'íosfaidís bia an leasa. Ana-dhream leitean ab ea iad. Gach aon áit a chloisfá duine á thabhairt 'on lios, leite a chloisfá a bheadh acu. Á ndoirtfeadh duine braon bainne nuair a bheadh sé ag crú na bó, deir siad nách aon drochrud é sin, déarfaidís go mb'fhéi' go dteastódh sé ó d[h]ream éigint a bhí imithe. Á mbeifeá ag ithe ag an mbord, agus go dtitfeadh blúire aráin bhuit nú práta, deir siad nár cheart duit é a thógaint mar go mb'fhéidir go mbeadh sé ag tastáil ó dhuine éigin ar an saol eile.

Bhí sé ráite go raibh sé ceart braon uisce glan a bheith i seomra an bhainne i gcónaí dos na daoine maithe chun á ba mhaith leo braon uisce a chur tríd an leamhnacht nuair a bheidís á dh'ól. Bhíodh dúil acu i bhfeoil úr. Bhí Tomáisín Sullivan a bhí anso thíos ag eachtraí dhom go raibh sé i mBaile na nGall oíche. Bhí braon maith óltha aige. Bhí cúpla cáiora marbh age Beaglaoidh. Dúirt Beaglaoidh leis go mb'fhearra dho ceathrú caorach a bhreith leis. Dúirt sé go ndéanfadh. Bhuaile Beaglaoidh isteach i bpáipéar do é. Bhuaile sé féna ascaill é, is nuair a chuaigh sé abhaile, chuaigh sé

¹ l.s. 'Gairithionaigh'

a chodladh. Nuair a dh'éirigh sé ar maidin, tuigeadh do go raibh sé féna ascaill fós. Chroith sé a chuid éadaigh, is ba é an scéal céanna é. Tuigeadh do go raibh sé ar a chliathán i gcónaí. D'fhan sé ann go ceann coicís. Tuigeadh do raibh an fheoil i gcónaí féna ascaill. Á mbeadh gráinne salainn croite air, níor bhaol do é. Níl aon díobháil in iasc úr, mar bíonn sé tairrigthe as an ngoirteamas ar fad. Deir siad nách maith é leamhnacht leis a bhreith ó thig go tig gan pinse 'o shalainn a chuir air. Is dócha gurb iad muintir an leasa a bhíonn ag faire ar na rudaí sin. Tig na scoile anso thíos, bhí Williams Cathair Deargáin ag déanamh *repair* air. Ghlaoigh m'athair isteach air lá, agus thug sé braon té dho. Le linn an té a bheith á dh'ól aige, tháinig teachtaire le braon bainne chuige. Dúirt sé an buidéal bainne a bhreith go dtí Coughlan anso thiar, nár cheart é a bhreith abhaile. Nárbh ait an rud é sin, agus Sasanach ab ea é.

An mbíonn dúil sa tobac ages na fairies?

Is dócha go mbíonn. Do thug mo phípse tamall age dream éigin. Bhíos thuas ansan blianta ó shin, agus bhí an oíche ann. Bhí mo phíp dearg agam, agus an tobac a bhí an uair chéanna ann, bheadh do dhóthain cúraim ort é a chinneáilt dearg, agus tú ag tarrac ar do dhícheall air. Níor bhraitheas an phíp ag imeacht as mo bhéal, ach nuair a chuas comh fada leis an gclaí, bhraitheas bhuam í. Seo liom á cuardach fém dhoirne, agus is dócha go rabhas cúig neoimití á cuardach sarar bhuail sí liom, agus í dearg fós. Ní fhéadfadh sí a bheith dearg gan duine éigin a bheith á tarrac. Níor chuireas riamh im béal í as san amach ná guífinn leis na mairbh.

129. *Baker agus an lios*

[?].7.45

CBÉ, 977: 234-235

[An] Baker san i gCathair Deargáin, bhí an lios taobh an tí acu. Tháinig bean isteach chúichi lá, ag lorg iasacht éigin. Thug sí dhi an t-oigheann, is fé cheann tamaill, chuir sí abhaile aríst é. Fuair sí baochas léithi mar gheall ar an oigheann. Ón lios a tháinig sí.

“Táimid ana-bhaoch duit,” arsa í sin, “mar fliuchann tú an luath á chur amach. Ní mar sin don dream a bhí romhaibh. Ní fhliuchaidís an luath in aon chor. D’imíodh an luath ina cheo, agus do shailíodh sé an t-éadach a bhíodh ag tiormú againn. Beimíd ag imeacht anois,” arsa í sin, “seara fada. Beidh dream eile ag teacht ár ndiaidh, agus tabharfadsa teist mhaith ortsa,” arsa í sin, “féadfaidh sibh úr saol a chaitheamh,” arsa í sin, “fé mar tá caite agaibh le fada, agus ní baol díbh go n-imeoidh éinní oraibh.”

130. *Tor do ghabháiste dhearg*

[?].6.44

CBÉ, 936: 411-412

Bhí bean ar an mbaile seo fadó, agus bhí leanbh aici, agus ó saolaíodh é, ní fhéadfadh sí corraí bhuaidh, ach é ag screadaigh do ló is d’óiche. Bhí sí clipithe cráite aige, agus ní fhéadfadh sí corraí ón gcliabhán, ach í ag tabhairt aire dho. Bhí sí lá istigh, agus ní raibh éinne istigh ach í féin, agus do bhuail bean tsiúil chúichi isteach, agus do bheannaigh sí dhi. Bhí an leanbh agus na haon scread aige. Do bheannaigh bean an tí dhi.

“Mhuise a bhean bhocht,” arsa bean an tí, “is oth liom ná féadfainn an cliabhán a dh’fhágaint chun aon déirc a thabhairt duit. Tá mo chroí cráite ag an leanbh so ag screadaigh do ló is d’óiche, agus n’fheadar cad atá air.”

“Ní fada bhuit a leigheas san mhuisse,” arsa an b[h]ean tsiúil.

“Dhera, cá bhfuil sé?” arsa bean an tí.

“Tá,” arsa í sin, “tor do ghabáiste dearg atá sa gharraí sin amuigh. Do leighisfeadh san do leanbh.”

Is minic a bhí bean an tí sa gharraí, ach ní fheaca sí riamh aon ghabáiste dearg ann.

“Téir amach,” arsa bean an tsiúil, “agus tabhair leat isteach é, agus luaiscfeadsa an leanbh faid a bheirse amuigh.”

Seo amach í, agus do chuaigh bean an tsiúil ag luascadh, agus do chuaigh sí ’on gharraí, agus do bhí an crann do ghabáiste dearg ann, agus do bhain sí é, agus bhí deabhadh isteach uirthi chun é a theaspáint do bhean an tsiúil, ach nuair a tháinig sí isteach, ní raibh aon phioc don mbean istigh roimpi, ach an leanbh sa chliabhán, agus é ag gáirí. Níor ghoil an leanbh as san amach. Deineadh amach gur bean ó lios a ghaibh isteach, agus a chuir an leanbh féin thar’n ais chúichi, mar is mór na daoine a bhí ar an mbaile an uair sin, is ní fheaca éinne ar an mbaile an bhean ag teacht chun an tí ná ag fágaint.

131. *An té is mó a chonaic iontas*¹

7.1.45

CBÉ, 967: 193-196

Bhí feirmeoir fadó ann, agus bhí sé suite istigh oíche, agus do ghaibh stróinséir isteach chuige, agus d'iarr sé a bheith istigh. Dúirt fear an tí leis go ngeobhadh, agus fáilthe, suí aníos. Do shuigh, agus do fuair sé bia lé n-ithe. Bhíodar ag caint, agus ag comhrá dhóibh fhéin. Ach d'fhiarthaigh sé dhon stróinséir cad as é. Nis sé dho. Dúirt sé go raibh cuid mhaith d'Éire siúltha aige.

“Tá a lán iontaisí feicthe agat,” arsa fear an tí.

“Tá mhuisse,” arsa é sin, “a lán iontaisí feicthe agam.”

“Níor chuas-sa deich mhíle óm thig fhéin riamh,” arsa é sin, “agus bíodh geall go bhfeaca iontas níosa mhó ná thú istigh im thig fhéin.”

“B'fhéidir é,” arsa an fear eile.

“Cad é an t-iontas is mó a chonaicís-se ar do shiúltha?” arsa fear an tí.

“Do thugas trí bliana aimsire,” arsa é sin, “agus tréis ó thrí bliana a bheith tugtha, ní bhfuairéas pingin páidh ón bhfeirmeoir go rabhas aige. Ach ní fadó a bhíos thíos age Cé Chorcaí, agus do chonac ualach admhaid á líonadh ar chapall bhán. Bhí an t-ualach go dáinséarach, agus dúrt leis an muintir a bhí ag líonadh ar an gcapall gur mhór an náire dhóibh a leithéid sin d'ualach a chuir ar an gcapall, ná féadfadh sé é a bhreith leis go deo. Déanfaidh, arsa iad san, is nára maith aige. Is mór an trua é,” arsa an stróinséir.

“D'fhéadfá-sa an t-ualach a bhaint díom mhuisse,” arsa an capall, “dá ba mhaith leat.”

“Dhera, conas a bhainfinnse dhíot é?” arsa an stróinséir.

“Na trí bliana aimsire a thugais domhsa,” arsa é sin, “dá maithfá dhom, nár thugas aon phá dhuit, bheinn glan ón ualach so.”

“Dhera mhuisse, maithimse óm chroí dhuit é,” arsa é sin. “Lé linn mé á rá san, ní fheacamair aon radharc eile ar an gcapall bán. Sin é an t-iontas is mó a chonac,” arsa é sin.

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh den “Unclassified Tale”, 2412 A “Who Has Seen the Greatest Wonder “H”, áirithe in TIF i dteannta roinnt mhaith leaganachaa eile sa tír, agus a bhformhór acu le fáil i gCiarraí.

“Iontas maith ab ea é,” arsa fear an tí, “ach do bhí mo bheansa anso,” arsa é sin, “agus do bhuail sí breoite, agus do fuair sí bás. Bhí beirt driothár di i bhfad ó bhaile. Do chuireas scéala chúthu go raibh sí caillthe. An oíche sin a bhí sí á thóramh, i lár na hoíche siar, do dh'oscail an doras, agus do ghaibh fear isteach, agus maide aige. Do thairrig sé lé buille 'o mhaide uirthi. D'éirigh sí aniar ar an mbórd, agus a béal ar leathadh aici. Thit a raibh istigh,” arsa é sin, “agus nuair a thánadar chúthu fhéin, bhí sí sínte ar an mbord aríst. Ach ar maidin lá arna mháireach, is ea a shroich a beirt driothár, agus do bhíos ag eachtraí dhóibh cad a thit amach an oíche roim ré. Ní chuirfear in aon chor inniubh í arsa iad san. Cinneoidimid istigh anocht aríst í.”

“Má chinníonn sibh istigh anocht aríst í,” arsa an feirmeoir, “ní mór a bheidh á féireacht.”

“Ní dh'iarrfaimidne éinne ach sinn féin” arsa iad san.

Cinníodh istigh í, agus i lár na hoíche, do dh'oscail an doras, agus do bhuail an fear isteach. Thairrig sé lé buille 'o mhaide uirthi. A beirt driothár an chéad bheirt a thit. Sheasaíos fhéin amach an oíche sin. Thiomáin sé roimis an doras amach í, is ní fheacathars aon radharc as san amach uirthi.

Ciacu iontas ba mhó?

132. *An bheirt bhan chéile a bhí marbh ag cabhrú le fear*

25.3.45

CBÉ, 968: 293-294

Do bhí fear insan áit seo fadó. Is cuimhin liom fhéin é go hana-mhaith. Bhí beirt bhan curtha aige. Do bhí an tríú bean pósta aige. Sa bhfómhar, bhí gort coirce ar srath aige. Bhí ana-dhealramh báistí air lá Domhnaigh. I gcionn tamaill don oíche, oíche bhreá ghealaí, d'imigh sé ag ceangal an choirce gan éinne ina theannta, ach é féin, agus ar maidin lá arna mháireach, do bhí an gort ina stucaí. Bhí cabhair aige – an bheirt bhan a bhí aige, do chabhradar leis. B'fhearr iad ná fiche duine. Chuala ná raibh aon fhocal bréige sa mhéid seo. Chaithfaí é a chreidiúint, is an obair a bhí déanta.

133. *An fear a chaith an oíche sa tsáipéal*

[?].7.46

CBÉ, 980: 960-962

Bhí fear anoir ó Lios Deargáin, agus bhí sé i sáipéal an Daingin aimsir bráithre. Bhí bráthair ag seanmóin, agus bhí an sáipéal comh lán san gurb é an áit a chuaigh fear Lios Deargáin isteach i gceann do b[h]oscaí na faoistine. San am is go raibh an bráthair stadaithe don seanmóin, do bhí a chodladh titithe air. Nuair a bhí na héinne glan amach ansan, dúnadh na dóirse. Nuair a dhúisigh sé, ní fhéadfadh sé gabháilt amach. Chuaigh sé isteach aríst, agus do shuigh sé istigh, agus i lár na hoíche, do labhair an duine. D’fhiarthaigh sé an raibh éinne istigh. Níor tháinig aon eagla air, do fhreagair sé é go tapaidh. Dúirt sé go raibh. D’éirigh sé amach as an mbosca, agus do las an sagart solas. D’aithin sé go maith é. Father Dan a bhí caillte le tamall roimis sin.

“Á ndéanfá cléireach anois dom,” ar seisean, “chuin aifrinn a rá?”

“Déanfaidh mé mo dhícheall,” arsa fear Lios Deargáin.

Chuaigh sé ar an althóir, agus dúirt sé an tAifreann.

“Táim ana-bhaoch díot anois,” a dúirt sé, “tá an-áis deanta agat dom. Aifreann é seo a bhí gan rá agam,” arsa é sin, “agus táim ag teacht anseo le fada, ach tá deireadh agam anois,” arsa é sin, “mara mbeadh tusa, ní fios cathain a stadfainn.”

D’fhág sé slán aige, agus d’imigh sé.

Conas a dh’imigh sé?

Is amhla a leig sé air.

134. *A bhean úd thíos ar lic an níocháin*

[?].1.46

CBÉ, 979: 49-50

Bhí bean thuaidh i mBaile Reo. Cailleadh í, agus bhí bean don mbaile lá níocháin. Ní dheineadh éinne aon níochán an uair sin gan slis a bheith acu. Ach do bhí an bhean ag níochán, agus an tslis aici nuair a labhair an duine.

“A bhean úd thíos,” arsa í sin, “ar lic an níocháin,
stad dod shlis, agus éist lem ghearán”.

D’aithin sí a caint go maith. An bhean a bhí caillthe a bhí ann.

“Anois,” arsa í sin, “nuair a raghair abhaile,
téire isteach go dtí mo chéile leapa,
agus abair leis da raghadh sé ’dtí doras an leasa,
go ngeobhadh sé luibh ann agus í a thabhairt abhaile,
á dtabharfadh sé chugamsa é ar mheadhg dhá bhainne,
do raghainnse aríst chuige i bhfeighil a leanbh.”

Do dhein bean an níocháin an gnó¹ fé mar a dúrthas léi, agus do dhein a fear rud uirthi. Ach pé áit a chuir sé féna bráid é, do tháinig sé abhaile, is do fuair sí saol fada ina dhia’ san.

¹¹ l.s. ‘gnú’

135. *An fear ag filleadh ar an dtig tréis báis*¹

[?].6.44

CBÉ, 936: 391-393

Bhí bean siúil a bhí ag siúl turas insa tseana-thig seo thíos againne, agus bhí sí ag eachtraí dho m'athair ar thig eile go mbíodh sí ag siúl air. Ach turas dá dtug sí ar an dtig, nuair a chuaigh sí isteach, d'fhiarthaigh sí cá raibh fear an tí. Dúirt bean an tí léithi go raibh sé caillte ó bhí sí anso deireanach. Bhí leis, agus bhí sí pósta aríst. Ach socraíodh leaba do bhean an tsiúil insa chúinne nuair a tháinig an oíche, agus nuair a bhí sé in am dul a chodladh, do chuaigh muintir an tí a chodladh, agus do shín bean an tsiúil ina leaba fhéin sa chúinne cois na tine. Bhí neamhchodladh uirthi, agus ní raibh sí ag titeam dá codladh, agus ní fada a bhí sí sínte ann nuair a bhuail an fear chúichi an t-urlár aníos, agus do tháinig aníos chun na tine, agus do phrioc suas an tine, agus bhí na leanaí insa tsettle ar chliathán an tí, agus nuair a thug sé tamall ag an dtine, do chuaigh go dtús na leanaí, agus do bhuail an t-urlár síos aríst. D'aithnigh sí go maith é le solas na tine. Thit an codladh ar bhean an tsiúil, agus d'fhan sí ina codladh go maidean nuair a dh'éirigh sí ar maidin, agus nuair a dh'éirigh bean an tí:

“Á,” ar sise lé bean an tí ar maidin, “is mór an bhean éithigh thusa. Dúirís liomsa go raibh fear an tí seo caillte, agus ní rabhais i bhfad id chodladh aréir nuair a ghaibh sé isteach agus an t-urlár aníos, agus do phrioc sé amach an tine chuige féin, agus tréis tamaill a chaitheamh ansan do chuaigh 'dtús na leanaí agus do shocraigh sé an t-éadach orthu, agus do bhuail an t-urlár síos aríst.”

“Más ea, is marbh a tháinig sé ann,” arsa bean an tí, “agus fan anocht aríst,” ar sise, “má dh'fhéadann tú in aon chor é, agus má thagann sé, nuair a thiocfaidh sé, ná lig éinní ort, agus dein casachtach bheag, agus beadsa chughat,” ar sise.

D'fhan an bhean bhocht ann, agus do shín sí ina leabaidh le hais na tine, agus do bhí mo *lady* thíos ar tinneal. Ní fada a bhí an bhean bhocht sínte nuair a ghaibh sé isteach, agus an t-urlár aníos, agus

¹ Is é an eachtra chéanna atá tras-scríofa ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 121, 561-563 agus in CBÉ, 1715: 253-255.

do dhein an b[h]ean bhocht casachtach, agus seo aníos an b[h]ean thíos.

“Dhera, a dhiabhail,” ar sise, “cad a thug ansan tusa, nú ab amhlaidh a mheasann tú ná fuilimse ag tabhairt aire dos na leanaí sin comh maith, agus dá mbeifeása id bheathaidh?”

“An osna a dhein sé sin,” arsa bean an tsiúil, “ní dhéanfaidh mé dearúd go deo air.”

Dúirt sí go ngaibh sé siar is aniar trína croí, agus do bhuail sé an t-urlár síos, agus an doras amach.

“Is olc an rud a dheinis,” arsa bean an tsiúil, arsa í sin, “is mairg duit nár lig do féin mar ní chun aon díobhála a bhí san ag teacht, ach ar mhaithe leis na leanaí.”

D’imigh bean an tsiúil ar maidin lá arna mháireach, agus n’fheadair sí cad a dh’imigh uirthi as san amach.

136. *Buachaillí Bhaile an Ásaigh agus an duine a ghaibh chúthu*

1.1.45

CBÉ, 967: 106-107

Bhí buachaillí i mBaile an Ásaigh fadó, agus bhídís ag an gcéad aifreann sa Daingean, agus tréis an chéad aifreann, is é an cúram a bhí acu ceaist á chaitheamh ar an mbóthar acu, agus is é an saghas ceaiste a bhí acu bolla iarainn, agus ní haon áit a bhuailfidís in aon chor an marc, ach an áit a stadfadh an bolla iarainn. Ní scaoilfidís éinne tharstu ná caithfeadh í a chaitheamh. Ach do bhíodar lá Domhnaigh, agus do chonaiceadar chúthu anuas an Chonair duine beag, agus é cosnochtaithe, agus é ag mionsodar, agus é ag déanamh orthu. Tháinig duine acu roimis.

“Tá dlí déanta anso againne,” arsa iad san, “gan éinne a scaoileadh tharainn gan í seo a chaitheamh.”

Níor labhair sé aon fhocal. Rug sé uirthi, agus níor dh'fháisc sé é féin. Do chaith sé an bolla, agus tréis í a chaitheamh, bhailimh leis ar shodar lé fánaidh. Imíodh ag triall ar an mbolla iarainn, agus ní fheacadar an bolla iarainn. Thánadar 'on Daingean, is ní bhfuairadar aon tuairisc ar an nduine beag, ná ní fheacadar bolla iarainn ó shin. Ní caitheadh aon cheaist ar bhóthar Bhaile an Ásaigh ón lá san amach. Fear ón saol eile ab ea é.

137. *Cian*

[?].8.44

CBÉ, 965: 41

Bithiúnach ab ea Cian, agus bhíodh sé ag goid, agus ag foghadh, agus ag fuadach ós na daoine saibhre, ach do riaradh sé ar na boicht an méid a bhíodh goidithe aige. Do bhuail breoiteacht an bháis é ar deireadh, agus do chuir sé fios ar an sagart agus do dh'ullmhaigh an sagart chun báis é.

“Anois,” arsa an sagart leis nuair a bhí sé ullamh suas aige, “más féidir leat in aon chor é, tair fém bráid tréis do bháis, agus tabhair cuntas dom conas a raghaidh duit.”

“Déanfad,” ar sisean, “más féidir é.”

Cailleadh Cian, agus bhí sé cailte tamall, agus ceann dos na laetheanta, nuair a bhí an sagart ag gabháil an bóthar do, tharlaigh an fia leis agus b'ait leis, an fia, ach do labhair an fia leis.

“Mise Cian,” arsa é sin, “na mbeannaibh óir,

ba shia mo lón ná mo shaol.

Níor cuireadh éinne riamh as mo thig,

agus níor cuireadh mé as tig Dé¹.”

An oíche a bhí m'athair ag tarrac na hineáile a bhí sé sin ar siúl aige.

¹ c.f. AT 401 The Princess Transformed into Deer agus ATU 2075 Stories in which animals talk.

138. *Daoine ón saol eile i dtig tábhairne*

18.2.45

CBÉ, 967: 509-512

Bhí feirmeoir mór thíos insa Leitriúch fadó, agus do chuaigh sé go Trá Lí ag triall ar ghalún fuiscí go raibh sé chun baisteadh a bheith aige. Do chuaigh sé isteach i dtig ósta i dTrá Lí, agus do thóg sé an galún fuiscí. Nuair a bhí an galún fuiscí curtha insa *jar*, fuair sé gloine fuiscí ansan ó f[h]ear an tí ósta. Dh'athraigh an uain.

“Is dóigh liom,” arsa fear an tsiopa, “go mb'fhearra dhuit fanacht go maidean,” arsa é sin, “agus an doircheacht athá ag teacht.”

“Á, bheadh pionós ar mo mhuintir age baile,” arsa é sin.

“Is suarach an rud pionós aon óiche amháin,” arsa fear an tsiopa, “sochas pionós go deo, agus ní bheidh an oíche i bhfad ag rith isteach. Sid é do *jar* fuiscí anso,” arsa é sin, “agus féadfair imeacht pé uair is maith leat ar maidin.”

Ní haon chodladh a thit air. Siar san oíche a bhraith sé na daoine ag teacht isteach, agus deoch á líonadh amach chúthu, agus iad á dh'ól. Ach nuair a chuir sé fhéin chun bóthair, bhí an *jar* folamh. Bhí sé isteach agus amach, síos is suas. Fé cheann tamaill, dhúisigh fear an tsiopa¹. Do chualaigh fear an tsiopa ag máirseáil é.

“Is mór an deabhadh a bhí aréir ort,” arsa é sin, “agus dar liom ná fuil puinn deabhaidh inniubh ort ag imeacht.”

“On diabhal,” arsa é sin, “go deas athá sé déanta agatsa liom, a bheith ag magadh chugham.”

“Cad atá déanta?” arsa fear an tsiopa.

“Tá mo *jar* folamh,” arsa é sin.

D'éirigh fear an tsiopa, agus do rug sé ar an *jar*. Bhí an *jar* folamh.

“Ní mé a dh'fholmhaigh riamh é,” arsa é sin.

¹ “Is dóigh liom go bhfuil [an fiteán] lán,” a dúirt an Criomhthanach i leataoibh.

“Cé hiad a bhí ag ól anso aréir agat?” arsa fear an Leitriúigh.

“Níor tháinig éinne amach as súd amach?” arsa é sin.

“Nár bhraitheas iad,” arsa é sin, “agus deoch á scaoileadh amach chúthu.”

“Ní hé sin an chéad uair acu teacht,” arsa fear an tsiopa.

Fuair sé in aice leis an *jar* an t-airgead. D'fhágadar fiacha an ghalún fuiscí ina ndiaidh.

“Féach,” arsa é sin, “fiacha an ghalúin anso,” arsa é sin, “agus ní hé an chéad uair acu ag teacht é.”

Líon sé an *jar* aríst, agus do scaoil sé abhaile chun bóthair fear an Leitriúigh. Sin scéal fíor a chuala.

Cérbh iad a tháinig isteach?

Ón saol eile ab ea iad.

139. *Domhnall Ó Cíobháin agus an t-uaigheas a cuireadh air*

[?].1.46

CBÉ, 979: 174-177

Dan Tiú a thugaimist air, bhí aithne agat air. Bhí sé oíche ag teacht ón nDaingean, agus chuaigh sé 'dtí John Sheáin Óig ar an Muirígh. Do hosclaíodh an doras do, agus is é an chéad rud a loirg sé, deoch ón uisce.

“Ó, ar son Dé,” arsa John Sheáin Óig sa leabaidh, “líonfaidh tú an tig dóibh.”

D'aithin sé air go bhfeaca sé rud éigin, ach níor thug sé amach dóibh sin go bhfeaca sé éinní, ach thug sé amach ina dhia' san é. D'aithin sé go maith é, Máistir Ó Sé. Bhí sé caillte tamall roimis. Bhí beirt acu ann. Bhí an fear óg ag múineadh anso thíos amall. Aduaidh ó Sheana-Choill le ceart ab ea iad. Bhí sé siúd pósta age Julia Jane i gCeann Trá. Thíos age scoil na ngarsún a chonaic sé é. Bhí sé siúd neamheaglach go maith, Dan, beannacht Dé lena anam.

Agus sin scéal eile, bhí Dan 'ac Gearailt a bhí ar an gClochán Dubh ag eachtraí dhom, chuala sé Tom 'ac Gearailt, Rinn Chonaill á rá. Mheasas go gcasfaí i dtreo Tom 'ac Gearailt ó shin mé go mbeadh cuntas agam bhuaidh. Bhíodh sé ag ceannach éisc thuaidh sa Chuas¹, agus d'imigh sé oíche ó thuaidh. Bhí an bheirt bhan ina choinne. Nuair a bhíodar ag déanamh air, labhair duine acu. D'aithin sé an chaint. Dúirt sé gur dríofúr domhsa í². Dúirt sí leis an mbean eile:

“Ní bheidh aon eagla air seo,” a dúirt sí.

Ach do labhair sé léi is é ag gabháil tharsthu, má b'fhíor é siúd. Ach dúirt sí leis go raibh saol ana-bhreá acu féin. Níor aithin sé an bhean a bhí in aonacht léi in aon chor, ach go gcaithfidh siad an áirithe sin siúil a dhéanamh gach aon oíche. Dúirt sí leis bailiú leis ansan. Ní raibh a thuilleadh cainte acu a dúirt san. Ach mheasas go gcífinn an Gearaltach ó shin chun go bhfiarthóinn do é. Bhí sí siúd pósta sa Daingean age gréasaí Walker thuas ag an sáipéal, agus cailleadh í, agus nuair a chuaigh m'athair síos, dúirt sé go raibh sí caillte. Mhair sí cúpla lá ina dhia' san.

An gcualaís trácht ar *Father* Scully a bhí sa Daingean? Bhí sé sin sa Daingean an uair sin, agus

¹ “Cuas an Bhodaigh, caladh i bParóiste Mórach,” a mheabhraíonn Seosamh Ó Dálaigh dúinn.

² Cailleadh gach deirfiúr dá raibh ag Seán agus é óg.

d'fhiarthaigh sé don gcailín.

“Ar chualaís,” arsa é sin, “go ndúirt athair Mhissis Walker go gcaillfaí í?”

“Do chuala,” arsa í sin.

“Tháinig an gol go dtí an bhfuinneog chughamsa,” arsa é sin, “is dá gcuirfaí fios ormsa,” arsa é sin, “do thógfainn í.”

Bhí sí caillte an uair sin. Father Dan a bhí timpeall uirthi. Ach bhí ana-ghearán ar Scully i dtaobh nár cuireadh fios air. Ní fhéadfadh sagart dul as fhéin ag déanamh éinní. Dréir dheabhraimh, ní bás ceart a bhíonn facha acu, is iad a bheith ag imeacht mar sin. Is amhla a sciobadh í sin. Do d[h]roim linbh a dh'imigh sí leis. Agus ná dúirt sagart eile ná faigheann duine bás ceart nú go mbíonn sé ina leanbh dhá uair.

140. *Fear Chathair Scoilbín agus an Slua*

8.4.45

CBÉ, 968: 391-392

Bhí fear i gCathair Scoilbín, bhí aithne mhaith agam air. Bhí sé ag eachtraí dhom ar am a bhí *jubilee* á dhéanamh sa tsáipéal. D'éirigh sé, ní raibh aon chlog aige, n'fheadair sé cad é an t-am a bhí aige. Theastaigh bhuaidh dul 'on Daingean le ráil mhóna, agus dúirt sé go ndéanfadh sé an *jubilee* moch go maith ar maidin. Do tháinig sé fé dhéin an tsáipéil, agus ní fheaca sé éinne timpeall. Do bhuail sé a dhrom le binn an tsáipéil. Chonaic sé ag gabháil anuas an bóthar scata daoine.

“Is ea,” arsa é sin, “sid iad muintir Pharóiste Múrach, agus raghaidh mé isteach, beidh mé istigh rompu.

Chuaigh sé isteach, agus do dhein sé an *jubilee*. Ní tháinig éinne isteach air. Do ghaibh sé amach nuair a bhí a chúram déanta, agus d'imigh sé. Do chuir sé amach ráil mhóna le cliabh i gcomhair na maidine, agus tréis é a theacht isteach abhaile ina thig fhéin, sin é nuair a ghlaoigh an coileach¹.

Tá sé an-uaigneach, sáipéal nú ceárta.

¹ Is é a chuireann glao an choiligh in iúl mar mhóitíf ná aiséirí an tSlánaitheora dar le Pádraig Ó hÉalaí (2012: 142) agus gurb é an léamh a d'fhéadfaí bhaint as sa chomhthéacs seo ná go dtugann glao an choiligh le fios gur daoine aiséirithe atá i gceist leis an slua seo.

141. *Tig uaigneach*

[?].1.46

CBÉ, 979: 155

Tá fear ar an mBóthar Buí thuaidh in aice leis an sáipéal go dtugann siad an Braighdeán, agus bhíodh sé ag bothántaíocht i dtaobh éigin, ach n'fheadair éinne cá mbíodh sé, ach bhí sé ag dul abhaile, agus age crosaire an Imligh ansan ag an scoil, chonaic sé an chomhra. Aduaidh a ghaibh sí, agus ceathrar fear fúithi. Ní raibh aon duine ach an ceathrar sa chomhairí. Bhí an chomhra ar an nguaile. D'éirigh fear acu amach. Rug sé air is chuir se isteach ina ionad é. Is dócha go raibh na cosa ag lúbarnaigh fé. D'fhágadar fén gcomhra é go dtí go dtánadar go dtí Bóithrín an Teampaill anso thíos. Chuaigh an fear eile ansan fé. Ní dúirt sé a thuilleadh mar gheall air, ach i dtig Dowd a dh'fhan sé an oíche sin go maidean. Deir siad go mbíonn sé siúd ina dteannta go minic. Bíonn a lán scéalta aige, ach ní thugann sé amach an scéal ach aon uair amháin, agus ní thugann sé amach ach smut do.

Bhí Seana-Ghloster a bhí i nGallros. Bhí sé ag tógaint botháin thuaidh acu. Ach níorbh fhiú leis a bheith ag dul abhaile. Bhí fuíollach slí thuaidh. Bhí sé insa leabaidh in airde ar an lochta. Ní raibh aon chodladh mór air. Chonaic sé an fear ag gabháilt thairis suas agus anuas aríst, is leig sé ansan air. Ba é ab fhada leis bhuaidh an mhaidean. Níor fhan sé aon oíche eile ann.

142. *Trí slua*

[?].7.45

CBÉ, 977: 262-263

Bhí sagart ón Imleach ag cuir ola suas ar an mbaile seo i lár na hoíche. D'iarr sé ar bheirt éigin dul ina theannta síos ansan. Ní fada don mbóthar a bhíodar nuair a bhí an mathshlua ina gcoinne.

“Luídh isteach cois an chlaí,” arsa é sin.

Luíodar, is scaoileadar tharsthu iad. Nuair a bhíodar imithe tharstu, d'imíodar sa tsiúl aríst. Níorbh fhada a bhíodar nuair a bhí dream eile chúthu.

“Luídh isteach aríst,” arsa an sagart, “cois an chlaí.”

Luíodar, is scaoileadar tharstu iad. D'imíodar orthu ansan, agus fé cheann tamaill eile, bhí dream eile chúthu.

“Sid iad ár ndream fhéin anois,” arsa an sagart. “Ní baol dúinn iad san,” arsa é sin, “ach luídh isteach ar a shon san.”

Is dealraitheach go raibh deifir éigin eatarthu, gur aithin an sagart iad.

143. *Ag gabháilt tríd an dteampall lé hiasc*

[?].7.44

CBÉ, 936: 550-552

Bhí aithne agat ar Mhuiris an Phúna a bhí anso thiar. Ó, is dócha ná raibh. Bhí sé insa tig sin thiar atá dúnta suas anois. Bhí leasdriotháir anso thiar ina theannta, agus bhí sé ag iascach tráthnóna, agus nuair a bhí sé ag teacht abhaile, agus ladhar éisc aige, bhí scata bailithe ansan thíos, mar a ngeobhadh sé isteach chun an tí, agus níor mhór mhaith leis gabháilt chúthu, agus ghaibh sé aníos Bóithrín na Roilige, agus siar bun na roilige, agus chuaigh sé abhaile, agus ghearán sé i lár na hoíche, agus bhí sé ag gabháilt do phian, agus ní ligfeadh sé éinne ina ghaire, ach mo mháthair. Lón sí do bhraon, agus ní ligfeadh sé d'éinne í a ligeant. Shín sé amuigh ar chliathán an tí lá breá gréine, agus thit an codladh air, faoi mar a bheadh suaineas ag an gcois nuair a bhí an braon déanta aici. D'éalaigh mo mháthair ansan air, agus do scaoil sí an fáisceán a bhí ar an gcos, agus do lig sí an chos, agus do tháinig braon aisti, agus do thug sí léi an rud so a bhí istigh sa bhraon, agus thug sí léi síos 'on abhainn é, agus do nigh sí é, agus cad a bhí ann, ach cnámh éisc. An ceann agus na fiacra ann. Ruchar a caitheadh leis mar deir siad nach ceart gabháilt tríd an roilig lé iasc.

Bhí an seana-dhream a tháinig roimis sin, athair-chríonna, agus a dhriotháireacha nuair a bhídís ag teacht ón ngort, cóngar na roilige a ghaibhidís. Ach bhíodar tráthnóna breá ar bhuíú gréine ag teacht ón ngort, agus chonaiceadar ag an ndoraisín beag san atá ar an dtaobh thuas don dteampall, an doras atá ar an bhfotharaigh. Chonaiceadar an fear ina sheasamh ansan, duine uasal. Dúradar lé chéile gur déanach a bhí sé tagaithe ann. D'imigh sé isteach 'on teampall ón bhfotharaigh.

“Beidh a fhios agamsa,” arsa duine acu, “cé hé féin, nó cad atá ar siúl aige.”

“B'fhearra dhuit é a scaoileadh tharat,” arsa an bheirt eile a bhí ina theannta, beirt driotháir do.

Ach do chuaigh sé suas, agus chuaigh sé go dtí an doras. Bhí sé istigh, agus leabhar ar leathadh aige. Bhí an leabhar anuas ar an stáitse mar a raghfá in airde chun dul amach trí chró na snáthaide¹

¹ “Fuinneog chaol ard i bhfothraigh Chill Mhaoilcéadair” – SÓD.

ach nuair a sheasaimh sé ag an ndoras, dh'fhéach sé amach an fear eile. An fhéachaint a thug sé air, ní mór ná gur thit sé as a sheasamh. Ach chuaigh sé a chodladh. I lár na hoíche, d'imigh sé as a mheabhair. D'éiríodh sé amach i lár na hoíche, agus bhí cloch mhór amuigh. Sheasaíodh sé in airde ar an gcloich a bhí ann formhór na hoíche. Bhí sé oíche bhreá ghealaí ina sheasamh ann, agus ghaibh aníos ón mbóthar maithshlua daoine, agus nuair a bhíodar ag gabháilt thairis, bhí bean ann go raibh ceann rua uirthi. Dhein sí isteach air. Bhuaill sí le clabhta baise é.

“Seo leat isteach abhaile,” arsa í sin, “is téir a chodladh.”

Thug sé an oíche sin, agus lá arna mháireach, agus ní fhéadfadh aon duine é a dhúiseacht. Ach d'éirigh sé ansan ar maidin ina dhiaidh sin comh maith is a bhí sé riamh¹.

¹ “Sin fírinne ar fad anois atá scríte agam” – SÓD.

144. *Cóiriú an tí i gcomhair na hoíche*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 161

Oíche Nollag go dtí le déanaí, agus tá daoine ann a dheineann fós é, ní bhíodh aon tig ná cuirtí soipín fionnáin ar lic an doiris i gcomhair na hoíche. Ní cuirtaí aon bholta¹ ar an ndoras, agus sara dtéidís a chodladh, chuiridís brat bán ar chathaoir taobh na tine, bairlín, b'fhéidir, agus í fillte go deas anuas uirthi, ar a drom, agus ar an suíochán. Bean an tí a shocraíodh í. Bhíodh súil acu leis an Maighdean Mhuire teacht isteach an oíche sin, agus ina comhair a bhíodh an fionnán sa doras nuair a thiocfadh sí agus an brat bán ar an gcathaoir chun suí air. Bhíodh an chathaoir sa chúinne tamall siar ón dtine. Deireadh m'athair, oíche Nollag beag, aon tsolas a lasfaí an oíche sin, nár cheart é a mhúchadh. Deireadh sé go raibh solas thíos in aice na leapa aige féin oíche Nollag beag, coinneal. Mhúch sé í, agus ní raibh sé ach sínte siar nuair a las sí aríst. Níor mhúch sé aon choinneal oíche Nollag beag as san amach. Fágtaí na coinle ar lasadh Oíche Nollag Mór, go maidean i gcónaí, agus fágtaí ar lasadh fós i dtithe iad insa chistin.

Tá piseoga leis fós ann. Cad a deireann tú leis an mbean a leagann gach aon chathaoir sara dtéann sí a chodladh, agus fhéach mise nár chuas riamh a chodladh gan cathaoir a shocrú ar gach taobh don dtine². Bíonn an fíoruisce istigh i gcónaí agam agus ages gach éinne eile comh maith. Ní fadó in aon chor é seo, Máire Pheaidí a bhí thíos ar an gClochán Dubh, dhearúd sí an t-uisce a thabhairt isteach oíche, agus bhuail an tart í i lár na hoíche. D'éirigh sí, agus fuair sí braon leamhnachta sa churpad, agus dh'ól sí é, agus chuaigh a chodladh aríst. Níor éirigh riamh ar a pianta leis an dtart go dtí san. D'fháisc chúichi, is d'fháisc, is chuimhnigh sí ar uisce na gcos. D'éirigh sí chun uisce na gcos a dh'ól, ach le linn di a bheith ag brath ar an áras go raibh uisce na gcos, chac an capall síos ann.

¹ I.s. 'bhallta'

² Tá tagairt don phiseog seo in CBÉ, 979: 161-162 leis.

B'éigeannt di dul síos 'on leabaidh aríst, agus dúirt sí nár chuir sí a leithéid sin d'óiche riamh isteach go maidean. Dhein sí amach gurb iad an dream aerach a bhí á chrú. Ach riamh ina dhia' san, níor dhein sí dearúd ar an uisce a bheith istigh. Ní ceart aon tig a bheith gan uisce istoíche¹.

Bhí lánú fadó. Aon leanbh amháin a bhí acu. Siar san oíche, chrom an leanbh ar a bheith ag ol. D'fhiarthaigh sé dá mhnaoi cad a bhí ar an leanbh. Dúirt gur tart a bhí air.

“Ná tabharfá deoch on uisce dho,” arsa é sin.

“Níl aon uisce istigh,” arsa é sin.

“Mura bhfuil,” arsa é sin, “ní fada bhuaínn é.”

Níorbh fhada ón ndoras a bhí an t-uisce.

“Ná bac é,” arsa í sin, “tá baol mór air. Tá sé ródhéanach dul amach anois.”

D'éirigh sé, is chuaigh sé 'on doras chun dul amach. Bhí cúib istigh ar chliathán an tí, is na cearca istigh ann. In airde ar an gcúib a fágtaí an coileach. Nuair a fuair sé áras chun dul ag triall ar an uisce, léim an coileach anuas, is tháinig sé idir é sa doras, agus é ag glaoch. Thiomáin sé bhuaidh é. Bhí an coileach ag imeacht fiain. Ach do chuaigh sé amach, is do thug sé leis an t-uisce. Nuair a tháinig sé isteach, do bhí an coileach marbh ar an urlár roimis. Níor mhair sé féin, ach go dtí lá arna mháireach. Á ndéanfadh sé rud ar an gcoileach, níor bhaol do².

¹ c.f §125 | CBÉ, 936: 562-565 mar shampla den chríoch a d'fhéadfadh imeacht ar dhaoine nach mbeadh uisce sa tigh istoíche acu. Is amhlaidh a tharraingeofaí muintir an liosa ar an tigh a thiocfadh ag ól a gcuid fola nuair a theipfeadh orthu aon uisce a aimsiú dóibh féin.

² Bhí leagan eile den mhéid atá le fáil sa mhír seo in CBÉ, 967: 104-105, ‘Tig ná raibh aon uisce ann istoíche’, agus is é an clabhsúr a chuir an Criomhthanach leis an insint sin ná an tuairim gurbh “ait an gnó dh'aon bhean tí gan braon uisce a bheith istigh istoíche aici”.

145. *Cuiríú*

4.3.45

CBÉ, 968: 66-68

Tá daoine á rá ná fuil aon chuiríúch ann, ach deirimse go bhfuil. Do bhí beithíoch óg agamsa. Bhí sí á chrú agam ar feadh trí lá, an bheithíoch ab fhearr a chrús riamh. Bhíos á crú maidean. Do ghaibh fear isteach. Do bhí *bucket* mór bainte agam di.

“I gcuntais Dé,” arsa é sin, “ní fheacaigh éinne riamh a leithéid.”

Ghaibh sé amach. Tráthnóna, ní raibh aon bhraon ag an mbeithíoch, ná as san amach. Chonacsa an méid sin.

Do bhí sagart ón nDaingean ag dul ar *stations*, agus nuair a chuaigh sé go tig na *stations*, ní bhlaifeadh a chapall aon ní. Capaill iallaite a bhíodh acu an uair sin. Bailíodh timpeall ag féachaint cad a bhí ar an gcapall. Dúirt duine éigint leis fios a chuir ar Mhuiris Réadóir¹. Do cuireadh fios ar Mhuiris. Tháinig Muiris, agus d'fhéach sé ar an gcapall.

“Tá cuiríú ar do chapall,” arsa é sin.

“Cé a chuireodh í?” arsa an sagart.

“Do chuirís fhéin í,” arsa é sin.

“Conas a chuiríos í?” arsa an sagart.

“Nuair a bhí sí ag ól deoch as tobair,” arsa é sin, “do chuiris do láimh thiar uirthi, agus do d'fhéachais. Thaithnigh sí ana-mhaith leat. An raibh so fíor?” arsa Muiris.

“Do bhí,” arsa é sin, “ach cad a leighisfeadh í?”

“Leighisfidh tú fhéin í,” arsa Muiris, “más maith leat.”

“Caith do shúile trí huair uirthi, agus abair bail ó Dhia uirthi trí huair, agus éireoidh sí.

¹ c.f. §223 | CBÉ, 967: 68-69 i gcomhair a thuilleadh seanchais ar an bpearsa seo.

Mura mbeadh an té a chuireodh í lé fáilt, do thógfainnse í,” arsa Muiris, “ach féadfair fhéin í a thógaint.”

Do dhein an sagart rud air, agus d'éirigh an capall.

146. *Fuilleach an bhídh ar chnoc*

[?].7.45

CBÉ, 977: 256-257

Agus an gcualaís riamh á raghadh ba ar chnoc ná ar ghort, gur cheart duit blúire aráin a dh'fhágaint san áit a dh'íosfá é. Bheadh dream éigin ag brath air. Thit sé amach ormsa. Ní rabhas riamh ar an gcnoc ná go gcaithfinn blúire aráin agus braon don dté insan áit go n-íosfainn é. Ach aon lá amháin, bhíos ag cruachadh móna le hasal agus le húim. Do bhí ana-dhealramh báistí air, agus do chuaigh teachtaire chugham le té agus le arán, agus ní mór an fháilte a bhí agam roimis. B'fhearr liom gan é dul in aon chor le deabhadh chun na móna. Do shuíos, agus ní mór a dh'itheas go deimhin le deabhadh.

“Seo leat. Tóg leat iad,” arsa mise leis an ngearrchaile.

Seo liom ag triall ar úim eile móna, agus sara raibh an úim lán agam, tháinig tinneas droma orm. Do bhíos ag brú orm fhéin, agus gan me ábaltha ar puinn a dhéanamh. Bhí oiread san do thinneas orm. Ach do rith sé isteach im aigne gurb é a tháinig leis an drom nár chaitheas aon bhlúire aráin bhuam. Ghaibheas suas lá arna mháireach, agus rugas stráice aráin liom ag imeacht dom. Dheineas blúiríocha thuas do, is chaitheas cois na cruaike é. Seara raibh dhá g[h]abháil móna tugtha anuas agam, bhí mo dhrom comh maith is bhí sé riamh. Sin a bhfeaca-sa dho sholaoide. Sid í féin¹ a dúirt liom go ndéanfadh sé an gnó lá arna mháireach. Agus má bhíonn madra in aonacht leat, is dealraitheach nách aon díobháil má dh'itheann an madra é. Ní raibh éinní agamsa le rá nuair a chaithinn bhuam é ach “bíodh san agaibhse má tánn sibh timpeall.” Is iad na mairbh a dh'fhaigheadh é.

¹ “A bhean chéile” a shoiléiríonn fo-nóta ó SÓD.

147. *Leac an tinteáin a dh'iompó*

31.12.44

CBÉ, 967: 46-47

Bhí feirmeoir fadó ann, agus bhí mac do sa choláiste chun sagart. Ní raibh aon ainmhí ag éirí leis an bhfeirmeoir, ach dúirt duine éigin leis, á n-aistreadh sé an tine sa cheann eile dhon dtig, go rithfeadh an stoc leis. Do dhein, agus nuair a tháinig an mac abhaile, d'fhiarthaigh sé dhon máthair canathaobh go n-aistríodar an tine.

“A leithéid seo,” arsa í sin, “bhí an stoc ag fáil bháis orainn, agus dúrthas linn á n-aistreoimíst an tine sa cheann eile dhon dtig go rithfeadh an stoc linn, agus táid siad ag rithiúint linn ó shin,” arsa í sin.

“Ó, a mháthair,” arsa é sin, “dhéanfadh sé an gnó dhíbh leac an tinteáin a dh'iompú.”

148. *Muca á chuiríú*

[?]. 6.44

CBÉ, 936: 435-436

Bhí trí cinn do mhuca ramhra age m'athair anso, trí cinn do mhuca breátha, agus ceann dos na laethanta, bhí mo mháthair ag tindeáil orthu, agus ghaibh duine éigin an tslí.

“Ó i gcuntais Dé,” a dúirt sé lem mháthair, “tá *power* éigin agat chun muca a dhéanamh. Is fada go bhfeaca a leithéidí.”

Ní raibh sé ach imithe bhuaithi nuair a thit na trí cinn, agus cailleadh iad. Bhí cráin, agus dhá cheann déag do bhanbhaí acu, agus lá arna mháireach, tháinig rud éigin ar an gcráin, agus cailleadh í, agus cailleadh an dá cheann déag do bhanbhaí¹. Ansan amuigh sa tseana-thig a bhí m'athair an uair sin, agus nuair a ghaibh duine dos na comharsain isteach tráthnóna, agus an chráin, agus na banbhaí curtha i bpoll talún aige, nuair a ghaibh Peaidí Sullivan isteach. Bhí sé istigh roimis ar a chathaoir, agus a chos ar a leathghlúin aige, agus scol amhráin á chasadh aige.

“Mhuise, is ait an duine bocht tú,” arsa Peaidí Sullivan, “nú cad é an sórt aigne atá agat, agus do chuid imithe, agus tú ag amhrán.”

“Tá na leanaí fós timpeall orm a Pheaidí,” ar seisean.

Ar ndóthair, ní fada a bhí. Cailleadh nach aon duine clainne leis ina dhia' san ach mise.

Mada rua a chuiríú

Bhí fear i Leataoibh fadó go raibh cuiriú aige, agus tráthnóna Domhnaigh, bhí sé ina sheasamh amuigh, agus daoine eile ina theannta, agus do ghaibh an mada rua trasna an chnoic, agus chonaiceadar é.

“Cuirfidh mé geall,” arsa duine acu leis, “ná cuireoidh tú an mada rua.”

“Cail sé?” arsa é sin.

Theaspáineadar do é. Do leag sé an madra rua ar an gcosán agus d'fhan sé ansan.

¹ c.f. AT 1007.

Tig King

Tá tig ansan theas ar shliabh Bhaile Uí Shé go dtugann siad Tig King air. *Scotchman* ab ea King. Thug Lord Ventry ann é an chéad lá riamh. Seandúine bocht tútach críonna ab ea é. Ní raibh ann ach é féin is a sheana-bhean, agus ní raibh aon mhuirear orthu. Smut don sliabh a baineadh do Bhaile Uí Shé a bhí aige. Is mó lá treatha¹ a thug an *Scotchman* ansan, agus dhein sé talamh maith dho. Ba iad san na daoine maithe, an té a gheobhadh chúthu, agus ocras air. Tá sé caillte anois lé fiche éigin bliain. an *lord* a thóg an tig do. Bhain an *lord* ar an slí chéanna smut do shliabh Chill Chúile, agus thug sé do dhaoine bochta é ná raibh aon talamh acu. An Coimín a tugtar anois ar an áit sin, Coimín Chill Chúile.

¹ c.f. *English-Irish Dictionary* le Tomás De Bhaldraithe a bhfuil ‘luibh an treatha’ aige faoin gceannfhocal ‘germander’.

149. *Seán Ó Sé agus an tor fraoigh*

[?].7.45.

CBÉ, 977: 232-233

Seán Ó Sé, athair Mhicil Ó Sé go rabhais ag caint inné leis i gCathair Scoilbín, bhí aithne agamsa air, agus é ina dhuine chríonna, a cheann is a chosa buailte ar a chéile. Bhí droinn air. Seán na Droinne a thugaidís air¹. Chuaigh sé ar an gCnoc lá, ag baint beart fraoigh le cuir fé mhuca – corrán is téadán aige. Bhuaile paiste ana-dheas fraoigh leis, thuas i lár an chnoic. Lantán ana-dheas carraigeacha timpeall air.

“On diar,” arsa é sin, “go bhfuileann tú agam ar mo thoil.”

Chuaigh sé ar a leathghlúin aríst, agus do buaileadh ina aigne nár cheart do é a bhaint. Dh’éirigh sé, agus dh’imigh sé bhuaidh. Nuair a bhí sé cúig nú sé ramhainne bhuaidh.

“On diar,” arsa é sin, “gur mór an t-amadán duine me, agus go mb’fhéi’ go mbainfeadh duine éigin eile é sin amáireach.”

D’fhill sé aríst air, is do bhain sé é, agus do chuir sé isteach ina théadán é. Bhuaile thiar ar a dhrom é. Sara raibh sé leath an chnoic síos, do bhuaile an pian sa drom é. N’fheadarsa an bhféad sé an bheart a bhreith abhaile – do dhréigean a shiúlaigh sé abhaile. Nuair a chuaigh sé abhaile, b’éigeant do an leabaidh a thógaint, agus ní fhéad sé éirí lá arna mháireach. N’fheadarsa cad é an fhaid a thug sé sa leabaidh, thug sé tamall maith, ach ní fhéad sé an drom a dhíriú an chuid eile dhá shaol. Ba cheanndána² an duine é.

¹ Agus ‘An Droinn’ a thugtar i gcónaí ar ghort áirithe i gCathair Scoilbín dar le Helen Ní Shé a chuir an t-eolas sin ar fáil dom (Ní Shé, 2016). Ní hannamh foirmeacha agus leaganacha den fhocal ‘dronn’ a bheith ina mhír i logainmneacha, is cosúil. Le gan ach samplaí ó chontae Chiarraí amháin a lua, tá a leithéid d’áit agus ‘An Dronnóg’ i bParóiste an Teampaill Nua, agus in Uíbh Ráthach a fhaightear ‘An Fhail Dronnach’. Tugann IED sampla na Ré Dronnaí: “An Réidh D., *lit.* the ridged plain, a townland in *Ker*.”

² I.s. ‘ceanndáine’

150. *Greim a thabhairt do láir a bheadh ag iompar searraigh*

[?].7.45

CBÉ, 977: 241-242

Géilleann cuid dos na sagairt féin do rudaí. Ghaibh sagart lá an bóthar, agus bhí bean ar thaobh an bhóthair ag criathairt min choirce. Thóg sí dorn do, is chuir sé i mbéal an chapail é. D'ith an capall amach as an láimh é.

“Fan socair,” arsa an bhean, “geobhaidh mé aríst, is tabharfaidh mé gráinne maith dho di.”

“Níl aon ghnó aici dho,” arsa é sin, “ach tá sí ag iompar searraigh.”

Bádh uncail agus mac do m’athair, agus bhí bollóga á bhácáil sa tig agus an tig lán, i dtig an choirp, iad á chuir chun boird ann, cuid mhór acu nár bhlais aon ghreim. Ach do bhí bean ann a bhí iompar linbh, agus ní ligfeadh náire dhi dul go dtí an mbord. Níor tháinig a leithéid do dhúil aici in éinní riamh is do tháinig aici i ngreim don mbollóg. Ní fhéadfadh éinne dul thar doras age báisteach ag séideadh. Fé cheann uair a chloig, do thiormaigh sé, agus d’imigh sé, agus tamall ón dtig, timpeall le ceathrú míle, chonaic sí faid a radhairce bhuaithi an gal ag éirí aníos as an mbóthar. Ailp do bhullóg a bhí ann. Rug sí air, agus do dh’ith sí aon ghreim amháin do, is bhí a cuid maitheasaí déanta. Bheadh an leanbh san caillthe mara mbeadh é sin a chuir roimpi. Níorbh éinne saolta a chuir ann é, ach chuir duine éigin maith roimpi é.

Cluichí, spraoi, agus míreanna grinn

151. *An bhó go raibh chúig cinn do ghamhna aici*

[?].10.44

CBÉ, 965: 560-562

D'imigh beirt bhuachaillí eile ó Éirinn fadó go Sasana chun a saibhreas a dhéanamh. Do bhíodar ag imeacht. Ní raibh aon tseans ag bualadh leo. Bhíodar silte leis an ocras, agus ghaibheadar go dtí tig, agus fuaireadar boladh breá amach as an dtig – feoil á róstadh istigh.

“Fan ansan go fóill,” arsa duine acu, “go raghaidh mé isteach, agus triallfaidh mé.”

Nuair a chuaigh sé isteach, is amhlaidh a bhí ceathrar bogarna ar dinnéar istigh. Ach bheannaigh sé ach a gcuaigh sé isteach. D'aithníodar go maith gur Peaidí é.

“Is ea, a Pheidí,” arsa duine acu, “an bhfuil aon scéal nódh agat?”

“Níl mhuis,” arsa Peaidí, “aon scéal nódh agam.”

“Cad é an t-iontas is mó a chonaicís in Éirinn riamh?” arsa duine acu.

“Ní fheaca aon iontas,” arsa é sin, “ba mhó ná bó a bhí age m'athair go raibh chúig cinn do ghamhna aici.”

“Ar mhair na gamhna?” arsa iad san.

“Do mhaireadar,” arsa Peaidí.

“Conas a tógadh iad?”

“Iad a scaoileadh fén mbó,” arsa é sin.

“An mó sine a bhí ag an mbó?” arsa iad san.

“Ní raibh aici ach cheithre sine,” arsa Peaidí.

“Cad a dhein an cúigiú gamhain?” arsa iad san.

“Seasamh ina amadán ag féachaint orthu,” arsa é sin, “fé mar atáimse ag féachaint oraibhse.”

Thiteadar fuar marbh ag gáirí.

“Tabhair leat cathaoir a Pheidí,” arsa iad san, “suigh anso isteach.”

“Tá páirtí ansan amuigh agam,” arsa Peaidí “atá comh gátarach liom fhéin.”

“Is ea, glaoigh isteach air,” arsa iad san.

Ghlaoigh sé isteach ar an bpáirtí, is fuairadar a ndóthain lé n-ithe is lé n-ól, is fuairadar obair leis.

152. *An tÉireannach i Sasana*

12.11.44

CBÉ, 966: 155-157

Níl aon teora leis an Éireannach chun freagra tapaídh. Bhí buachaill ó Éirinn i Sasana fadó, agus bhí Sasanach thall, agus bhíodh sé ag tabhairt *slur* dos na *Paddies* riamh. Bhí cuileachta mhór lá acu bailithe i dteannta a chéile.

“Dhé! Mhuise,” arsa duine acu leis, “deir gach éinne go bhfuil ana-dhealramh age beirt againn lé chéile. An bhfeadraís an dtug éinní do mháthair anso riamh?”

“Tá a fhios agam go maith,” arsa é sin, “nár thug, ach bhí m’athair go minic ann.”

Gháir a raibh ann, is níor fhan focal agem dhuine.

Ag réiteach bhuathí a bhíos

Fear bocht a chuaigh ag tarrac fiacaile. Ní hí an fhiacal cheart a thairrig an dochtúir.

“Ní hí an fhiacal cheart a thairrigís,” arsa fear an tinneas fiacaile.

“Ó, tairriceod í sin leis,” arsa é sin, “ach ag réiteach bhuathí a bhíos.”

Níor chuala riamh gur gabha a bhí á tarrac.

Tá an choill bodhar agat

Chuala trácht ar thriúr bráithre a chuaigh ag déanamh a n-anama isteach i gcoill – gan aon fhocal a labhairt go ceann seacht mbliana. I gcionn seacht mblian, “chuala búir bó,” arsa duine acu. Ní bhfuair sé aon tor. I gcionn seacht mblian:

“Chuala búir bó,” arsa duine acu.

Ní bhfuair sé aon tor. I gcionn seacht mblian eile:

“Cá gcualaís é?” arsa an tara fear.

Ní bhfuair sé aon tor. I gcionn seacht mblian eile:

“Tá an choill bodhar agaibh,” arsa an tríú fear.

Ciacu iontas ba mhó¹?

¹ ATU 1948 ‘Too Much Talk’.

153. *Beir é féin leat*¹

[?].5.45

CBÉ, 968: 551-552

Is fadó a bhí fear ann, is bhí sé breoite, ach ba mhór an seó a bhean.

“Ní dh’éireoidh mé in aon chor,” a deireadh an fear.

Ní bhíodh aon phort aici, ach gur trua nách í féin a bhí ina ionad. Ach do ghaibh fear isteach lá chuige ar a thuairisc. Bhí a bhean sa Daingean, ach do chuaigh sé go dtí an leabaidh chuige. Dúirt sé gur mhór an trua a bhean ná mairfeadh sí in aon chor á gcaillfaí é, ná raibh aon phort aici ach go mb’fhearr léi gurb í féin a bheadh ina ionad.

“Níl do bhean in aon chor dréir mar a labhrann sí,” arsa an fear eile, “tabharfadsa coileach isteach anois chughat,” arsa é sin, “agus cuir thíos fén éadach é laistigh díot. Fanfaidh sí breá socair ann, agus nuair a thiocfaidh sé abhaile, tiocfaidh sí ar do thuairisc. Abair léi go bhfuil an bás tagaithe anois más maith léi imeacht thar do cheann.”

Shocraigh sé an coileach ar dtaobh istigh do sa leabaidh, agus nuair a tháinig a bhean abhaile, do chuaigh sí ’on tseomra. D’fhiarthaigh sí dho conas a bhí aige.

“Tá an bás tagaithe,” arsa é sin, “ó aimsir dinnéir, is tá sé ag feiteamh anso más maith leatsa imeacht thar mo cheann.”

Thóg sé an t-éadach in airde don gcoileach.

“Sin é ansan anois é,” arsa é sin.

“Á,” arsa í sin, “beir é féin leat. Beir é féin leat, is ná bac mise.”

Scaoil sé leis an gcoileach. Chaith sí bhuaithi an ghaoth mhór as san amach.

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe faoi TIF 845 Old Man and Death mar a ndeirtear linn gur dhá chineál atá i gceist leis an ngrúpáil áirithe seo agus gur gá féachaint ar TIF 1354 Death for the Old Couple chomh maith. Is é cineál (b) a luaitear le TIF 845 a bhaineann leis an scéal seo, agus déantar tagairt ann, leis, do theideal Gaeilge an scéil: “when her husband is dying, a woman tells him that she would die in his stead; when Death (a plucked cock) appears, she asks that her husband be taken (‘Beir é féin leat!’)”.

154. *Camán mór i bportach i mBaile Uí Shé*

25.3.45

CBÉ, 968: 299-300

Tá daoine á rá ná raibh na Fianna in aon chor ann, daoine eile á rá go rabhadar¹. Bhí m’athair lá i gcomhairí, agus do bhí scata maith bailithe i dteannta a chéile. Tairrigíodh anuas na Fianna. Dúirt cuid acu ná rabhadar riamh ann, ach do bhí fear ann:

“Chonacsa solaid mhaith,” arsa é sin, “go rabhadar ann lá a bhíomair ag baint mhóna.

Thíos fé d[h]eich fóid mhóna, do fuaireamair camán, ionad an dá láimh socair air, agus bas air. Dhéanfadh sé leathchúpla tí,” arsa é sin, “sin comharthaí go rabhadar ann,” arsa é sin.

Cá bhfuarthas an camán so?

I mBaile Uí Shé i dtaobh éigint.

¹ Is í an cheist phráinne chéanna is ábhar do mhír seanchais a bhailigh Seán Ó Dubhda in CBÉ, 1115: 211.

155. *Cluichí*

[?].11.47

CBÉ, 1035: 5-7

Trap

Is fadó anois ó bhíodh *trap* á dh'imirt. Is cuimhin liom é a bheith á dh'imirt¹, agus an bhfeiceann tú tig an Ghearbhaigh sin i mBaile na nGall² – níl idir sin anois agus an fhaill, ach *track* cairte, agus is mór mar atá na faillteacha á chaitheamh insa áit sin. Bhíodh *trap* á dh'imirt ansan fadó, agus síos a buailtaí an liathróid³, agus ní théadh sé leis an bhfaill. Bhíodh liathróid acu comh mór le úll mór. Is dócha gur do chlúmh na mba a bhíodh sí déanta. Bhíodh poll déanta sa talamh go raghadh an léithróid síos, breis agus a leath ann. Bhíodh blúire cipín ansan acu timpeall leath-troigh ar fad. Chuiridís an liathróid 'on p[h]oll, agus ceann an chipín síos fúithi, fé mar a bheadh *crowbar* beag. Thagadh fear le camán ansan. Bhuaileadh sé buille leis an gcamán ar an gceann don gcipín a bhíodh aníos, agus d'éiríodh an liathróid aníos le fuinneamh. Nuair a bhíodh sí san aer, thairrigíodh sé leis an gcamán uirthi, agus chuireadh sé i bhfad Éireann ó bhaile í. N'fheadar i gceart conas a dh'imrídís é. An té is sia ó bhaile a chuireadh liathróid is dócha.

Pillars



Ar imrís riamh *pillars*? Bhíodh san á dh'imirt ana-mhór againne nuair a bhíomair beag. B'fhéidir go mbeadh cúigear nú seisear uaireanta againn á dh'imirt. Ba chuma cé méid duine a bheadh ann. Dhéanfadh gach éinne againn a pholl féin sa talamh, poll comh mór is go stadfadh liathróid ann, agus go raghadh sí tamaillín síos ann. Bheadh na poill go léir in aon líne amháin, agus dheinimíst béal na bpoll a leibhéaladh le sál ár gcoise. Ní bheadh na poill ach timpeall le dhá órlach óna chéile. Ansan, cuirfaí leacacha cloch ar an bfaobhar le cliathán na bpoll insa tslí sí go rithfeadh an liathróid

¹ c.f. CBÉ, 979: 236 mar a bhfuil seanchas ag Séamus Ó Conchubhair Chill Mhic an Domhnaigh ar an gcluiche seo, agus níor chuimhin leis ach oiread le Seán “conas a dh'áirídís an imirt.”

² Luaitear an cluiche seo i mír seanchais a bhailigh Seán Ó Dubhda ar shaol Sheáin Mhic Criomhthain agus atá in CBÉ, 1331: 552-553.

³ l.s., 'léithróid' tríd síos.

eatarthu. Lán do dhoirn do liathróid a bheadh agat. Bíonn marc ansan timpeall sé troithe ón chéad pholl. Fear an chéad phoill a chaitheann an liathróid ar dtúis. Cuirfidh sé ag rith ar an dtalamh í, agus thabharfadh sé iarracht ar í a stadadh ina pholl féin, ach ritheann sí tharna pholl féin, agus stadann sí i bpoll dhuine éigin eile. Beidh gach éinne ag faire ar a pholl fhéin, fhéach an stadfadh sí ann. Má stadann, cromann sé síos, agus beireann sé go tapaidh uirthi, bíonn an fear a chaith í rite, agus tugann sé fén bhfear rite ag iarraidh é a bhualadh. Má bhuaileann sé é, béarfaidh sé ar neoinín, agus cuirfidh sé síos ina pholl é. Mara mbuailfidh sé é, is é an fear a bhí ag caitheamh a chuirfidh an fear agus an neoinín ina pholl san, agus raghaidh sé ag crústach ar na poill aríst. Má buailtear leis an liathróid é, is é an fear a chrústaigh an liathróid a raghaidh ag caitheamh ar na poill, an té is lú go mbeidh neoiníní ina pholl a bhuafaidh. Chaithimís an tráthnóna go léir á dh'imirt sin.



Dhá léaráid a bhí tarraingthe ag Seosamh Ó Dalaigh sa lámhscríbhinn¹

¹ c.f. *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: xiii): “in describing an unusual implement, vessel, house, bog-find etc., a well-drawn sketch, with measurements, or a photograph would add greatly to the value of the account. Similarly, a map showing the position of a particular house, holy well, field monument or other object mentioned in the course of an account should, if possible, be given.”

156. *Éireannach, Scotchman, agus Sasanach, agus an diabhal*¹

10.12.44

CBÉ, 966: 573-574

Bhí Éireannach agus Sasanach agus *Scotchman* fadó, triúr páirtithe ab ea iad. Bhíodar ana-thugtha dho chártaí. Is minic ná bíodh éinní acu chun dul ag imirt, agus do bhídís go cráite. I dteannta dúil a bheith i gcártaí acu, bhí dúil in ól acu. Do bhuail fear leo oíche, is iad ag teacht abhaile. Dúirt sé leo ná beadh aon cheal airgid anois orthu go ceann lá is bliana, á dtabharfaidís suas iad fhéin do fhéin i gcionn lá is bliana, agus á mbeadh éinní acu ná féadfadh sé a dhéanamh go mbeadh a bpas acu. Bhíodar sásta leis. Bhí pócaí airgid acu go ceann bliana, agus iad go lántásta, ach nuair a bhí an bhliain ag teacht, dheineadar suas iad fhéin, agus do chuadar amach ar an bhfarraige. Do bhain sé amach iad amuigh sa bhfarraige.

“Is ea,” arsa é sin, “an bhfuil éinní agaibh ná féadfaidh mé a dhéanamh?”

Bhí piliúr clúimh ag an Sasanach, agus bosca snaoise ag an *Scotchman*. Scaoil an Sasanach an piliúr clúimh bhuidh.

“Cuir é sin san áit chéanna aríst,” arsa é sin.

Ní túisce a bhí sé ráite ná bhí sé déanta. Do chaith an *Scotchman* an bosca leis an ngaoth bhuidh.

“Cuir é sin san áit chéanna,” arsa é sin.

Ní túisce a bhí sé ráite ná bhí sé déanta.

“Cad ’tá agatsa?” arsa é sin leis an Éireannach.

Thóg sé in airde a chos, agus do dhein sé rúisc bhroma.

“Cuir é sin san áit chéanna,” arsa an tÉireannach.

Ní fhéad sé é. Bhí a phas ag an Éireannach². Níor chaill an tÉireannach riamh é.

¹ Tá an insint seo ón gCrimhthánach áirithe faoi TIF 810 The Snares of the Evil One. Tá eolas breise le fáil in AT 810, a luann leagan A agus leagan B chomh maith, gan aon trácht ar a shon sin ar an leagan den chineál a fhaightear anseo: “Motifs: M211. Man sells soul to devil. S211. Child sold (promised) to devil (ogre). K218.1. Devil cheated by having priest draw a sacred circle about the intended victim. D1381.11. Magic circle protects the devil”.

² c.f. ATU 1178 ‘The Devil Outriddled’ a luaitear MI G303.16.19.3 chomh maith leis an móitíf seo.

157. *Fear ag taibhreamh*

10.12.44

CBÉ, 967: 5-6

Bhí fear ann fadó. Bhí sé fhéin agus a bhean sa leabaidh. Taibhríodh do go raibh sé in airde sa spéir as chionn na farraige, agus go raibh ártach féna bhun. Chonaic captaen an ártach é.

“An dóigh leat go bhfuileann tú díreach as ár gcionn?” arsa captaen an ártach.

“N’fheadar,” arsa é sin.

“Dein do chuid uisce,” arsa é sin, “agus beidh a fhios againn.”

Dhein sé a chuid uisce.

“An sroich san sibh?” arsa é sin.

“Níor shroich,” arsa an captaen, “féach an bhfuil a mhalairt agat.”

Scaoil sé bhuaidh a mhalairt.

“An sroicheann san sibh?” arsa é sin.

“Go sroiche an diabhal tú!” arsa a bhean.

Is amhla a bhí sailithe sa leabaidh aige. Bhí fear ag siúl anso orainn, is bhíos á rá dho.

“É, mhuisse,” arsa é sin, “nách é a scaoil bhuaidh é ar nós na bó.”

158. *Feirmeoir Chnoc an Bhróigín nár dhein gáire riamh*

10.12.44

CBÉ, 967: 10-13

Bhí táilliúir ar an Muirígh, is cuimhin liom fhéinig é, agus bhí táilliúir i gCnoc an Bhróigín. Bhí táilliúir na Muirí iarrtha age feirmeoir i gCnoc an Bhróigín. Is amhla a chaitheadh na táilliúirí dul isteach 'on tig go dtí an bhfeirmeoir ag déanamh pé rud a bheadh lé déanamh, agus bhí táilliúir Chnoc an Bhróigín iarrtha age fear ón Muirígh. Ar maidean Dé Luain, do bhuail beirt acu lé chéile age Barra an Mháma.

“Is ea, caileann tú ag dul?” arsa fear na Muirí lé fear Chnoc an Bhróigín.

“Táim ag dul go dtína leithéid seo ar an Muirígh,” arsa é sin, “agus táimse ag dul 'dtína leithéid seo i gCnoc an Bhróigín,” arsa táilliúir na Muirí lé táilliúir Chnoc an Bhróigín.

“Obair choicís,” arsa é sin.

“Agus obair athá bhuamsa,” arsa táilliúir na Muirí, “agus is sólásach an choicíos a bheidh agatsa sochas mise. An fear go bhfuilim ag dul ag triall air, ní fhéadfaidh mé gáire a bhaint as ar feadh an choicís.”

“Ort fhéin athá san,” arsa an táilliúir eile.

“Deinim mo dhícheall air,” arsa é sin, “is ní fhéadfainn aon gháire a bhaint as.”

“Déanfadsa margadh anois leat,” arsa táilliúir Chnoc an Bhróigín. “Obair choicís athá agatsa, agus obair choicís agamsa. Téadh beirt againn in aonacht, agus déanfaimid obair an choicís seachtain, agus raghaimid go dtí an bhfear eile ansan, agus déanfaimid seachtain eile a chuid oibre. Má bhainimse gáire as an bhfear san, beidh an pá ar fad agam, nó mara mbainfidh mé gáire as, bíodh sé ar fad agam.”

“Táim sásta leis,” arsa fear na Muirí.

Thánadar ar an Muirígh, agus do niseadar an scéal do fhear na Muirí go rabhadar chun a bheith i dteannta a chéile, má bheadh sé sásta. Dúirt sé go mbeadh. Thugadar an tseachtain sin aige. D'imíodar an tarna seachtain go Cnoc an Bhróigín, agus bhí gach aon chleas ag an dtáilliúir á

dhéanamh i rith na seachtaine, a fhéachaint an bhféadfadh sé aon gháire a bhaint as fear an tí. Ní fheádfadh. Ach bhí an tseachtain nách mór caite, 'dtí aon lá amháin. Bhí croí dubh aige. Chaith sé anuas don mbord é féin. Chaith sé ar an dtinteán é féin cois na tine, agus seo gach aon bhéic aige.

“Cad ’tá ort, dhera, a dhaltha?” arsa bean an tí.

“Ó, tá stróc orm,” arsa é sin.

“Téoidh mé braon bainne dhuit,” arsa í sin.

Do théigh sí an bainne. D'ol sé é. Níor dhein sé aon mhaith dho. Ag éirí ar a phianta a bhí.

“Nuair a thagadh so ormsa age baile,” arsa é sin, “ní raibh aon leigheas air ach luí istigh idir bheirt sa leabaidh, agus d'imíodh sé.”

“Dhera, is ná féadfá é sin a dhéanamh anois,” arsa bean an tí.

“Anois,” arsa í sin, léna fear, “b'fhearra dhuit fhéin agus don dtáilliúir dul 'on leabaidh ina theannta so má dheineann sé maitheas do.”

“Raghaimíd,” arsa Séamus.

Do chuadar 'on leabaidh, agus do bhí an táilliúir go raibh an stróc air, bhí sé i lár slí. Bhí an feirmeoir ar dtaobh amuigh dho. I gcionn tamaill, dhein sé a chuid uisce fén bhfeirmeoir.

“Dhera, an diabhal ort,” arsa an feirmeoir, “cad ’tá déanta agat?”

“Dhé éist,” arsa é sin, “tá a mhalairt déanta agam. Tá an táilliúir istigh salach agam,” arsa é sin.

Chloisfá ceathrú mhíle ó bhaile an scartadh gáire a dhein an feirmeoir. Thairrig sé *thump* ar an dtáilliúir.

“Go maraí an diabhal tú,” arsa an táilliúir, “a bhúiste caca. Ba dheacair domhsa aon gháire a bhaint riamh asat.”

159. *Na pills a dh'ith na dochtúirí*

11.2.45

CBÉ, 967: 433-435

Bhí buachaill eile, agus do ghaibh sé thar lios a bhí ar thaobh an bhóthair, agus do chuala sé an chaint.

“Tá cailín breoite,” arsa an guth, “ina leithéid seo do bhaile, agus éinne a thógfadh í, ní bhéarfadh aon lá dealbh go deo air, agus níl éinne chun í a thógaint nó go gcaillfear í. Is é an rud atá uirthi cnapán atá i mbéil a cléibhe, agus níl aon rud chun é sin a leigheas ach dá bhféadfaí gáire maith a bhaint aisti.”

Bhí an buachaill ag éisteach leis an gcaint, agus do ghluais sé air, agus do bhain sé amach an tig go raibh an cailín breoite, agus nuair a tháinig sé isteach, do bhí triúr dochtúirí istigh. Fiarthaíodh do cad a bhí air. Dúirt sé gur dochtúir óg é féin, gur chuala sé go raibh cailín breoite anso.

“Ó, tá triúr dochtúirí anso romhat,” arsa fear an tí, “agus ní fhéadfaidís aon mhaith a dhéanamh di.”

“Cá bhfios duit,” arsa é sin, “ná go ndéanfainnse maitheas di.”

Chuaigh sé 'on tseomra, agus do *shoundáil* sé an cailín. Dúirt sé leo pilliúir a thabhairt chuige, agus mias. Bhí tine insa tseomra, agus thairrig sé chuige a chuid pilliúr, agus do chuir sé an glas ar an ndoras, agus do chuaigh sé ag suí leis féin, agus do fhliuch sé an pilliúr. Ach dúirt sé leis an gcailín nách di é seo in aon chor.

“Ní tusa a gheobhaidh é seo in aon chor,” arsa é sin.

Dhein sé *pills*, agus nuair a bhí na *pills* bÁCáltha aige, do ghlaoigh sé ar na triúr dochtúirí.

“Féach an bhféadfadh sibh a dhéanamh amach gadé an stuif iad san?” arsa é sin.

“Thrialladar ar fad, is ní fhéadfaidís a dhéanamh amach gadé an stuif é.”

“Á, ní dochtúirí in aon chor sibh,” arsa é sin, “tánn sibh ag ithe mo chuid salachair.”

Dhein sí scartadh mór gáire, agus bhí an leabaidh ar crith aici lé gáirí. Do bhris an cnapán. Thóg sé aniar í, agus do chuir sé mias fúithi. Líon sí an mhias d'othar, agus thug sé deoch ina dhiaidh sin,

agus ar maidin lá arna mháireach, bhí sé comh maith is a bhí sí riamh, agus i gcionn seachtaine, bhí sí ina suí. Ní raibh sí aon lá riamh comh maith is bhí sí. Ní rug aon lá dealbh ar an mbuachaill as san amach.

160. *Gad mara*¹

25.2.45

CBÉ, 968: 17-18

Chuaigh buachaill ó Éire fadó go Sasana go bhfoghlaimeodh sé Béarla. Thug sé téarma i Sasana, agus is é an beannú a bhí an uair sin ag lucht an Bhéarla “good morrow.” Do thug sé tamall maith ann, is ní raibh éinní priocaithe suas aige, ach “good morrow.” Ghluais sé abhaile, é lán d’áthas, agus bhí cóngar ag teacht chun an tí. Do ghaibh sé an cóngar, agus do chuaigh sé ar lár i mbogach, agus nuair a tháinig sé abhaile:

“Is ea, an bhfuil an Béarla agat?” arsa iad san.

“Th’anam ’on diabhal,” arsa é sin, “bhí, agus do chailleas é. Chuas ar lár sa bhogach,” arsa é sin, “agus do chailleas é.”

Imíodh lá arna mháireach go dtí an bogach, agus chuathars ag taighde, agus do bhuail gad sliotharnaí leo.

“Á, sid é é,” arsa é sin, “gad mara. Sid é é.

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe faoi TIF 1698 Deaf Persons and their Foolish Answers “Including other misunderstandings which occur when people converse”, agus tá mórán samplaí eile den chineál seo áirithe ó gach cearn den tír.

161. *Seirbhíseach maith cailín*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 441-442

Bhí cailín in aimsir age duine uasal babhta. Ní théadh aon lagadh air, ach á moladh lena feabhas do chailín. Ghaibh scoláire isteach 'dtí an nduine uasal lá. Bhíodar istigh agus iad ag caint tamall. Tairrigíodh anuas an cailín. Dúirt an duine uasal nár ghaibh a leithéid riamh 'dtí duine le feabhas.

“Ní gá dhom éinní a rá léi,” arsa an duine uasal, “bíonn sé déanta aici gan é a rá in aon chor léi.”

Bhí an cailín ag obair ar fuaid an tí, agus bhí an scoláire á tabhairt fé ndeara. Bhí cnocán leabhartha caite mar sin ar bhonn na fuinneoige.

“Féach na leabhartha san,” arsa an scoláire leis an gcailín, “agus níl siad nite agat.”

“Anois díreach a bhíos chun é a dhéanamh,” arsa an cailín.

Níl aon teora le scoláire. Bhí a fhios aige ná raibh aon chrích ar an gcailín.

Cothú agus cócaireacht, breoiteacht agus leigheas, ithe agus ól

162. *Parson ‘Day’ agus an bia*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 356-357

Bhí ministir thoir sa loch tamall ó shin. Tá loch tamall soir ón nDaingean, idir an Daingean agus Baile an tSagairt. Parson Day, bhí meitheal lá aige. Bhíodar ag ithe ag an mbord. Tháinig sé aníos as an seomra chúthu, agus leitir ina láimh aige, agus gach aon deoir ag sileadh leis.

“A bhuachaillí,” arsa é sin, “bíonn sibhse ag gearán ar úr mbia, is níor c[h]eart díbh. Anois atá leitir fachta agamsa óm dhriotháir,” arsa é sin, “atá sa hIndiatha. Chaith sé seacht is raol a thabhairt ar órlach do phutóg capaill. B’fhuirist domhsa béile maith bídh a thabhairt díbh air sin,” arsa é sin.

Bhí a dhriotháir insan arm sa hIndiatha.

Feoil chapaill

Deir siad gurbh ana-bhia feoil chapaill. Nú ní dh’itheann an capall ach nach éinní is glaine ná a chéile. Ghaibh fear isteach i dtig lá, agus bhí corcán in imeall tine go raibh feoil agus gabáiste ann. Do thóg fear an tí pláta don ngabáiste chuige, is do thug sé dho é. D’ith sé pláta gabáiste ar fad.

“Sin é an gabáiste is breátha a dh’itheas riamh,” arsa é sin, “thabharfainn cuid don bhfeoil duit,” arsa fear an tí, “ach ar eagla nár mhaith leat í mar feoil c[h]apaill is ea í.”

Ní mór ná gur cailleadh an t-amadán.

163. *Prátaí spallaigh*

[?].2.49

CBÉ, 1151: 218-221

An bhfeadraís gadé an rud “prátaí spallaigh”? Nuair a bhídís ag dul síos chun Tiobrad Ára fadó á bhaint phrátaí, bhí beirt nú triúr ón áit seo ag obair i dtig. Nuair a tháinig am a ndinnéir, d’fhiarthaigh bean tí dhóibh:

“Ciacu is fearr libh, prátaí is bainne, ná prátaí spallaigh?”

Bhí an dúil san iasc acu.

“Is fearr linn prátaí is ballaigh,” arsa iad san.

Cuireadh chúthu iad, d’fhéachadar timpeall an bhoird. Ní raibh aon bhallach le feiscint acu.

“Cá bhfuil na ballaigh?” arsa duine acu.

Ní rabhadar ann. “Prátaí spallaigh” a dúirt sí. Prátaí a curtaí anuas ar an mbán fuar ab ea prátaí spallaigh¹.

Ní bhíodh aon leasú fén sciollthán. Curtaí leasú ina dhiaidh sin orthu. D’iontaíodh mórán daoine fadó bán gan aon leasú, agus chuiridís prátaí insa hiomairí, mar ní bhíodh acu ach an beagán talún, agus bhíodh formhór curtha fé phrátaí acu, agus ní bhíodh an leasú acu dhóibh, ach pé méid leasaithe a thugaidís ón dtráigh.

Bhíodh spailpíní ag obair i dtig feirmeora fadó síos i dtaobh éigin. Nuair a thagadh am an dinnéir, glaoití isteach orthu.

“Mary Anne, Mary Anne,” a deireadh an feirmeoir lena inín, “tend the men.”

Is é an tindáil a dheineadh Mary Jane orthu scadán idir bheirt. Nách neamhleisciúil a bhídís fadó, go mbídís ag siúl go Contae Luimnigh agus go Tiobrad Ára, agus an ramhann ar an nguaile acu. Bhíos ag cur síos cheana dhuit orthu.

¹ Bhí an méid seo bailithe cheana féin ag Seosamh Ó Dálaigh in CBÉ, 968: 16-17 mar ar thug sé an míniú seo a leanas ar ar thit amach: “Prátaí miona is ea prátaí spallaigh ach is é prátaí is ballaigh a thuigeadar seo.”

Cén saghas sciollthán is fearr le cur?

Is fearr an sciollthán ramhar. Is é is fearr a chuireann péac amach. Nuair a bhídís á leathadh in iomairí trinseáltha fadó, bhídís a d'iarraidh an taobh gearrtha don sciollthán a thabhairt in airde, agus an tsúil síos, d'fhonn is go gcuirfeadh an sciollthán péac síos 'on leasú ar dtúis. Ní chuiridís aon phráta go dtí deireadh an Abráin fadó. Chuiridís lem chuimhne-se prátaí san Abrán. Chloisinn m'athair á rá go raibh sé ag cnósach phrátaí óna athair anso thuas nuair a bhí sé ina gharsún. Bhí tinteacha siar sa Cluaintíní sa taobh thiar don mbaile.

“Canathaobh na tinteacha?” arsa m'athair leis.

“Tá siad ag baint an c[h]roicinn don dtalamh, agus á thiormú, agus á dhó. Cuirfear prátaí ann an tseachtain seo chughainn,” arsa é sin.

Chualaís trácht ar ghrafadh. Grafadh a bhí acu. Bhí prátaí nótaltha ina dhia' san ann, a dúirt m'athair. 'Chuma gadé an t-am a chuirfá an uair sin nú gur tháinig an bhleait. Bhí mórán saghaiseanna prátaí ann. Bhí *mingions*, agus *white eyes* acu. Bhí buachaill thoir timpeall Trá Lí fadó, agus bhíodh a lán cainteanna ar siúl aige, agus bhíotaí ag magadh fé, a dúirt bean Davis a bhí anso liom. Thugadh sí féin ana-chluas do, a dúirt sí, agus deireadh sí go dtagadh a chomhrá chun cinn uaireanta. Ach deireadh sé ná glanfadh bleait go deo as Éirinn go nglanfadh fuil é, pé brí a bhí aige leis.

164. *An chéad unsa té*

[?].10.47

CBÉ, 982: 274-275

Cad a bhí ar an gcéad unsa té a tháinig amach riamh? Cúig phúint! Bean duine uasal a bhí breoite, tinneas cinn, agus do bhíodh sé gach aon lá age dochtúirí ag lorg leighis di, ach fuair sé cuntas insa deireadh go raibh an leigheas á dhíol ina leithéid sin d'áit. Chuaigh sé fé dhéin na háite, agus unsa té a fuair sé. Baineadh chúig phúint do. Niseadh do conas a dh'úsáidfaí é. San am go raibh an t-unsá té úsáidte aici, bhí sí ana-mhaith. Dúirt sí leis dul ag triall ar cheann eile. Ag dul i ndúlmaireacht ann a bhí sí, ach san is am is go raibh an ceathrú ceann fachta aici, dúirt sé léi go gcaithfeadh sé stad, ná seasóidís é. Bhí a ceann comh maith is a bhí sé aon lá riamh. Is cuimhin liom féin nuair ná raibh aon leigheas le fáil agat ar thinneas cinn, ach té. An té a tharrac i gcupa, agus gan é a chuir cois na tine in aon chor, ach an t-uisce beirthe a scaoileadh isteach 'on chupa, agus é a fhágaint ar an mbord ag tarrac. É sin a dh'ól, agus gan aon tsiúicre a chuir air ach braon liaithe.

165. *An cothú atá sa bhainne*

[?].11.44

CBÉ, 966: 39-41

An bainne a chuir i gcuimhne anois dom é¹. Bhí búistéir, agus bácaeirí, agus, feirmeoir, agus rugadh mac dos gach éinne dhon dtriúr acu aon oíche amháin. Nuair a tháinig sé iontu, cuireadh ar scoil iad, agus ní fhéadfadh duine acu dul thairis an nduine eile amach, ach an triúr mar a chéile. Nuair a bhí aon neart iontu ansan, bhídís ag caitheamh léimeacha², agus ní fhéadfadh éinne acu dul orlach thairis an nduine eile. Nuair a bhídís ag caitheamh ceaist³, ní fhéadfadh duine acu dul orlach thairis an bhfear eile. Mar a chéile a bhí an triúr. Ghaibh stróinséar an tslí lá, agus eachtraíodh do mar gheall ar an dtriúr. Bhíodar éirithe suas ina bhfearaibh an uair sin. Dúirt se go dtriallfadh sé féin iad, má bhí aon bhromach fiain timpeall ná rugadh riamh air. Do bhí an bromach ann, agus tugadh timpeall an bromach. Cuireadh ar crainn ansan ciacu a scaoilfeadh fén mbromach ar dtuais. Thit sé ar mhac an bhúistéara. Thug sé tamall maith ag gabháilt don mbromach, is ní fhéadfadh sé aon lámh a dhéanamh air. Mac an bhácaeirí ansan, ní fhéad sé aon lámh a dhéanamh. Mac an fheirmeora ansan. Ní fada a bhí sé, mac an fheirmeora ag gabháilt do nuair a bhuail sé ar chnámh an droma é.

“É,” arsa an stróinséir leis an bhfeirmeoir, “thugais bainne bó dhod mhac.”

“Bainne bó a thugas go díreach,” arsa é sin, “níl aon lá ná go mbíodh bainne bó óltha aige.”

“Ná raibh an fheoil agamsa á thabhairt dom mac³?,” arsa an búistéir.

“Níl aon phioc don bhfeoil,” aras é sin, “is fearr ná an bainne.”

Dúirt an bácaeirí ná raibh a bhac air féin a mhac a chothú comh maith leo. Dúirt an stróinséir leis ná déanfadh sé an gnó. Nách deas a thriail sé iad.

Bhí mac do Bhaker Chathair Deargáin, driotháir do Tom Baker an Daingin, breoite, agus thug sé hocht lá dhéag breoite, agus mhair sé ar mheadhg dhá bhainne, ach do tháinig an dochtúir chuige, Dochtúir Williams a bhí sa Daingean, agus dúirt muintir an gharsúna leis ná téarnódh sé mar ná

¹ Míniúnn nóta ó SÓD bunús na habairte seo ón gCrimhthanach: “bhíomair ag caint, agus á rá ná raibh aon rud ab fhearr do leanbh ná bainne.”

² .i., ‘léimeanna’

³ l.s. ‘bmac’

raibh éinní á chaitheamh aige ach meadhg dhá bhainne.

“Dhera, a dhuine,” arsa an dochtúir, “thabharfá bliain ag obair ar do ramhainn ar mheadhg dhá bhainne.”

Dochtúir Williams, ana-dhochtúir ab ea é.

166. *An deoch is lú a chuir duine ar meisce*

[?].10.44

CBÉ, 965: 551-552

Cén deoch is lú a chualaís a chuir duine ar meisce riamh? Chuaigh fear ón Riasc siar go dtí Aimiréal Moriarty a bhí i mBaile an Éanaigh nuair a tháinig sé abhaile. Thug sé leis a bhuidéal, agus sliogán bairnigh. Nuair a chonaic sé an gloine a bhí aige:

“Nár baine Dia grásta na foighne dhíom,” arsa é sin ina aigne, “is mór an seana-bhlas é.”

Ach do thóg sé bhuidéal í, agus d’ól sé í. Níor mhór an t-ól é.

“Nuair a bheir ag dul abhaile anois,” arsa an t-aimiréal leis, “ná gaibh an tráigh.”

Ghaibh sé an tráigh, agus má ghaibh, ba dhóbair go mbáfaí é. Ag éirí chuige a bhí sé. An dóigh leat gur mhaith an braon é?

Té a chuir duine ar meisce

An té a bhíodh fadó ann, chuirfeadh sé ar meisce duine. Bhí *stations* thuaidh i gCill Chuáin. Peaidí Maoileoin a bhí ar an gClochán Dubh, seanuncail Pheaidí atá anois ann, ba shin é an cléireach. Ach nuair a bhí an bricfeast ite ages na sagairt, shuigh Peaidí chun an bhoird ansan.

“A Pheaidí,” arsa an sagart, “an ólfair dhá chupa dhon dté sin?”

“Ólfaidh mé,” arsa Peaidí, “ná ólaim dhá chupa ins ’ach aon áit?”

“Má dh’ólann tú dhá chupa do san a Pheaidí,” arsa an sagart, “ná gaibh an sliabh.”

Ach chrom Peaidí ar gáirí. Do thóg Peaidí dhá chupa, is do ghaibh sé an sliabh, is ba dhóbair go mbáfaí sa tsliabh é. An dóigh leat go raibh ceol sa té sin?

167. *Comhacht ag leac óir*¹

29.4.45

CBÉ, 968: 487-489

Bhí fear ann fadó, agus níl aon dul go dtiocfadh sé go dtí an dtig gan rud éigin a bheith aige ag teacht. Ach bhí sé teacht chun dinnéir lá, agus bhí sé ag déanamh ar an ndoras nuair a dhearúd² sé ná raibh éinní ag teacht go dtí an dtig aige. Chas sé amach aríst, agus chuaigh sé go dtí an gclaí, agus bhuail cloch ana-dheas leis. Thug sé leis isteach an chloch, agus thairrig sé ana-mhór leis. Ghlan sé í, agus chuir sé isteach 'on tine í, agus nuair a bhí sí te, chuir sé síos ina mhuga bainne í, agus do théigh an chloch an braon bainne dho. Fuair sé blas ana-bhreá ar an mbainne. Chuir sé i gcimeád an chloch ansan, agus níl aon uair a bhíodh sé ag ithe ná go gcuirfeadh sé an chloch 'on tine, agus théiodh sé a chuid bainne leis³. Ag dul i mbréathacht a bhí sé. Bhí sé mar sin ar feadh suim aimsire. Ach do bhí sé lá ag cuir an ghadhair i dtaobh éigint⁴, do ghaibh dochtúir an bóthar, agus do chuala sé é. Do ghlaoigh sé air, agus tháinig sé chuige.

“Cad é an bia athánn tú ag caitheamh?” arsa é sin.

“Mhuise,” arsa an fear eile, “níl aon bhia is mó athá agam ná prátaí agus bainne.”

“An dtéionn tú do chuid bainne?” arsa an dochtúir.

“Téim,” arsa é sin.

“Cad leis a théionn tú é?” arsa an dochtúir.

D'eachtraigh sé dho nár tháinig sé riamh go dtí an dtig folamh gan rud éigint a thabhairt leis, ach aon lá amháin, bhí sé ag déanamh ar an ndoras, a dúirt sé, agus chuimhnigh sé ná raibh éinní aige. Dúirt sé gur chas sé go dtí an gclaí, agus go mbuail cloch ana-dheas leis, agus thug sé isteach í, agus do chuir sé 'on tine í. Chuir sé síos ina mhuga bainne í nuair a bhí sí te. Fuair sé blas ana-bhreá ar an mbainne a dúirt sé. Lean sé uirthi. Níor ól sé aon bhraon bainne ó shin, a dúirt sé, gan an chloch

¹ Bailíodh leagan den scéilín céanna ó mhac Sheáin chomh maith, agus é sin le fáil ina chuid peannaireachta féin faoin teideal ‘Fear bocht a bhí ann fadó’, CBÉ, 298: 16-30.

² ‘chuimhnigh’ a bhí i gceist ag an seanchaí dar le nóta mínithe ó SÓD.

³ ‘léi’ a bhí i gceist ag an seanchaí dar le nóta mínithe ó SÓD.

⁴ “Tá casachtach orm” a deir an Criomhthanach i leataobh ag an bpointe seo.

a chuir 'on tine, agus a chuid bainne a théamh leis¹.

“Tabhair chugham an chloch,” arsa an dochtúir.

Do thug sé chuige an chloch. Chuir an dochtúir a lámh ina phóca, agus thairrig sé sciainín amach as a phóca, agus scríob sé an chloch.

“An ndíolfá an chloch?” arsa é sin.

“Má tá aon dúil agat inti,” arsa an fear eile, “bíodh sí agat gan éinní.”

“Ní bheidh,” arsa é sin.

“Tabharfaidh mé dathad punt duit uirthi.”

“Cad a bhéarfadh go dtabharfá dathad punt uirthi sin?”

“Ní hé a fhiacha in aon chor é,” arsa é sin, “ach sin a bhfuil agam. Ór is ea í,” arsa é sin.

Nách breá a dh'aithin sé a ghuth do dhroim an óir². Ba mhaith an dochtúir é.

1 'léi', arís, a bhí i gceist ag an seanchaí dar le nóta mínithe ó SÓD.

2 “Bhí fuaime an óir ag guth an duine seo a chionn a bheith ag ól an bhainne a bhí théamh leis” – SÓD.

168. *Corrán géill cait i gcois tinn*

10.12.44

CBÉ, 966: 566-567

Bhí seanuncail theas ar an nGarrán agam. Is cuimhin liom fhéin go maith é. Ach sa tseana-thigh go dtógadh mise, is ann a tógadh é sin, dréir dealraimh, é fhéin, agus a dhriotháracha, agus a dhriofiúr. Driotháir dom máthair¹ chríonna ab ea é. Do bhuail pian ina chois é, agus do bhris sí amach aige. Mo mháthair chríonna a bhíodh ag glanadh na coise dho gach aon mhaidean. Aon mhaidean amháin, bhí sí á ghlanadh, agus chonaic sí cnáimhín ag corraí istigh inti. Rug sí ar an gcnáimhín, agus do thairrig sí léithi amach é. Is é an rud a bhí ann corrán géill cait nó giorria. Bhí sé ag dul i bhfeabhas gach aon lá as san amach, ach d'fhan rian an phoill ina lorga, agus mhair sé, agus mhair sé lé bheith glan cheithre fichid bliain.

1 l.s. 'bmáthair'

169. An néanartach¹ agus an goile tanaí

25.2. 45

CBÉ, 968: 485

Do bhí m'athair críonna anseo ar an mbaile seo fadó, agus do ghaibh duine muinteartha chuige. Ní raibh éinne ina chúram, ach bhí sé chun fanacht ina theannta tamall. Ach dúirt sé go raibh náire air a bheith in aon áit, nárbh aon chabhair a bheith ag ithe. Dá mhéad a dh'íosfadh sé, nárbh aon líonadh air é. Ach d'imigh m'athair críonna lá arna mháireach, agus do rug sé ramhann leis 'on pháirc, agus do bhain sé taoscán² don éanarthach, agus do nigh sé é, agus do chuir sé ag beiriú é. Bhí sé ag tabhairt a chuid uisce dho go ceann naoi nú deich do laethanta, agus i gcionn naoi nú deich do laethanta, d'íosfadh an leanbh oiread leis. Is amhla a bhí a ghoile tanaí, agus do ramhraigh an néanartach é.

1 l.s. 'éanartach' tríd síos. 'Mianfhartach' a thugann Máirín Uí Chonchubhair ar an bplanda seo in *Flóra Chorca Dhuibhne*: "Luibh íseal (50-30mm) mhionchlúmhach ilbhliantúil, flúirseach i móinteáin, ar chlathacha agus i bpáirceanna sléibhe.... chreidtí go raibh tréithe triomaithe, fuilchoisc, íce agus frithangacha san luibh seo agus go raibh sí oiriúnach chun an ainmhí agus an duine araon do leigheas. D'úsáidtí urbhrúith di mar leigheas ar chrúibíneach, mar chraosfholcadh chun béal, drandal nó scornach thinn do leigheas, nó chun fiacla bogtha a dhaingniú. Dheintí urbhrúith láidir chun faoiseamh ar thóin, sine nó lúidíní tine. "Bhí dhá mhuic 'riúnach don margadh ag mo dhriotháir, Seán. Do choimeádadh sé muca maithe i gcóan. Bhíodh bean mo dhriotháir go maith dóibh. Ní fhágadh sí aon cheal orthu. Is mó ciseán maith den mianartach do bhain sí thiar i bPáirc Mhór an Londraigh. Agus do bheiríodh sí iad féin is barr an fhraoigh ghlais, is pé craithheadh mine do chuiread sí air. Dhineadh sé ana-mhess dos na muca" (*Beatha Pheig Sayers*). Thugtaí minartach measctha le barra an fhraoigh do ghamhna nuair ná bíodh a ndóthain bainne le fáil acu. Chuireadh sé gléas ina gcráiceann (Mike Pheig Sayers, 1965). Bhaintí ruaim dhearg as an bpréamh lena ndathaí leathar. Is breá le broic an rúta" (Uí Chonchubhair, 1995: 109).

2 l.s. 'taghsán'

170. *Bodach an Bhantó*

[?].7.44

CBÉ, 936: 560-561

Bhí fear thíos ar an gCarraig, agus bhuail mac leis breoite. Níorbh fhéidir aon leigheas a dh'fháilt do, ach do bhí sagart insan áit, agus do leighisfeadh se mórán. Dúirt sé lá lena athair:

“Níl aon leigheas lé déanamh dod mhac,” arsa é sin, “mar do bhuail Bodach an Bhantó é.”

“Gadé an saghas é sin?” arsa athair an bhuachalla.

“Chíteá na buachaillí bána¹ ag imeacht,” arsa é sin. “Níl aon chleas acu san ná go mbíodh ’madáinín acu, agus sin é a bhuail do mhac,” arsa é sin, “agus éinne² riamh a bhuail san,” arsa é sin, “níorbh fhéidir é a leigheas.”

Ach níor leighisfeadh an buachaill.

Peidléir a ghaibh ansan lá chugham nuair a chonaic sé na crainn mhóra san timpeall an tí.

“Ah,” arsa é sin, “*trees are very good around a house, they don’t leave in any disease.*”

¹ “Lucht an Dreoilín – fir óga gléasta i gculaitheanna éagsúla” an míniú a thugann SÓD ar “na buachaillí bána.” Dar ndóigh, is mó ná fir óga a bhíonn gléasta Lá an Dreoilín, ar ócáid phobail do chách idir óg agus aosta anois í.

² I.s. “níl éinne”, ach tógadh an ‘níl’ amach de bharr na tuairime go gcuirfeadh a leithéid an abairt as a riocht.

171. *Buidéal leighis á thabhairt abhaile*

[?].6.44

CBÉ, 936: 415-416

Chuaigh fear eile ag triall ar leigheas do dhuine éigin a bhí sa tig, agus do dhein bean an leighis suas buidéal do.

“Déanfaidh san é a leigheas anois,” arsa í sin, “má bheireann tú slán é.”

“Canathaobh ná béarfainn slán é?” arsa é sin.

“Má bheireann tú,” arsa í sin, “níl aon bhaol ná go ndéanfaidh sé an leigheas, ach tá eagla orm ná béarfair chun cinn é.”

“Ná bíodh eagla ort,” arsa é sin.

Ghluais sé air, agus do tháinig sé abhaile go dtína thig féin, agus an buidéal aige, agus bhí an buidéal idir a dhá láimh.

“Ba mhór an bhean seoigh,” arsa é sin, “a dúirt ná tabharfainn slán an buidéal so liom,” ag suí ar an gcathaoir.

Lé linn é a shuí ar an gcathaoir, thit an buidéal bhuaidh, is briseadh é. Níor dhein an buidéal éinne a leigheas.

172. *Leigheas na ndaoine*¹

[?].10.47

CBÉ, 982: 344-351

Níor chuala riamh gur chuaigh éinne 'on roilig ag triall ar éinní chun leighis, ach chuala leanaí a bheadh ag fáil bháis i dtig, go mbeadh dhá dhoras air, ceann dos na doirse a dhúnadh. Is minic a bheadh leanaí ansan fadó ag déanamh seoigh, agus go mbídís² ag gabháil isteach doras agus amach doras eile. Déarfadh seana-bhean leo, “tá cosán déanta tríd an dtig agaibh.”

Uisce na cáasca

Bhíodh uisce na cáasca acu mar leigheas. Bhíodh sé mar leigheas acu ar laigí. Spíonóg a dh'ól do, á dtiocfadh laigí ort, nó drochthinneas id bholg. Leighis uisce na cáasca mé fhéin. Rith a tháinig ar mo chroí, agus fuaireas uisce na cáasca, agus d'ólas trí deocha dho, agus dheineas fíor na croise ar mo bhéal leis gach aon deoch acu, agus leighis sé mé. Deir siad go bhfuil uisce na cáasca agus uisce na Nollag a bheadh *mixeáltha* go maith ar a lán rudaí.

Bhíodh mo mháthair ag bruíon linn i dtaobh a bheith ag priocadh bláthanna mar bhímist á bpriocadh fadó. “Bláth ina líonadh iad san,” a deireadh sí, “agus ní ceart díbh iad a phriocadh.”

Leigheas i bhfiacal capaill

Á mbeadh tinneas fiacaile ort, fiacal capaill a dh'fháil, agus í a chuir i bpóca dhuine eile i gan fhios do, dh'imeodh an tinneas fiacaile dhíot féin. Ó, níor chuala riamh go dtiocfadh sé ar an bhfear eile. Nó, á gcuirfeá seamróg na gceithre gcluas i bpóca duine eile i gan fhios do, bheadh bua agat ar a lán slite.

¹ ‘Chapter VII. Folk Medicine’ atá mar theideal sa lámhscríbhinn – do chaibideal a seacht de *A Handbook of Irish Folklore* a thagraíonn an méid sin, (Ó Súilleabháin, 1942: 389).

² l.s. 'mbéidís'

Leabhar Eoin¹

Thabharfaidís leabhar Eoin leo ón uair a bheadh leanbh ana-bhreoite, is gan aon tsiúl leis, é a chuir isteach i sparáinín beag, is é a dh'fhua ar a chuid éadaigh. Bhí sé anso agam féin, agus nuair a cailleadh a athair críonna², bhí sé aon bhliain déag aoise, agus tháinig oíche ana-fhliuch, agus d'fhéach sé amach tríd an bhfuinneog. Béarla a bhí aige.

“Oh my poor grandfather is outside in the bad night wet.”

Agus ná fuair sé an liathbhuí, agus fuaireas an leabhar Eoin do, agus chuaigh sé i bhfeabhas, agus fuaireas ceann eile do Bhríde anso aimsir an triuch, agus chuaigh sí³ sin leis i bhfeabhas. Chaithfeá díol maith a thabhairt don sagart chun ceann maith a dh'fháilt a déarfainn.

Tá *medalí* go maith leis ar gharsún. Seáinín Mhóráin a bhí i Leataoibh, nuair a bádh an criú a bhí in aonacht leis, bhí a mháthair cúpla lá roimis sin sa Daingean ó bhráithre éigin, agus d'fhuaigh sí isteach ina chuid éadaigh í, agus bhí sí ar caitheamh aige, agus deiridís gurbh í an *medal* a shábháil é. Bhídís ages na hiascairí ar fad á chaitheamh fadó.

Uisce ceártain

Chonac daoine, agus théidís naoi maideanacha 'on cheartain á mbeadh faithní orthu, ar céalacan, agus bheiridís uisce na ceártan ar na faithní. Ní bhíodh an gabha ann in aon chor. N'fheadar an mbídís ag ganfhiosáocht air.

Seile céalacain

Á mbeadh faithne ar do bhéal, á ndéanfá do theanga a chuir amach, agus é a dh'fhliuchadh le seile nuair a bheifeá ar céalacan ar feadh naoi maideanacha, dh'imeodh an faithne. Tá uisce a bheadh stadaithe i bpoll i gcloch leis go maith chun faithní. Bhí cos tinn agam fhéin, agus bhí gach aon rud tástáltha agam léi, agus ní leighis éinní í, ach fear siúil a ghaibh isteach chughainn, agus thug sé

¹ Tá an méid seo a leanas le rá ag IED i dtaobh Leabhar Eoin faoin gceannfhocal 'leabhar': “a 'Gospel', that is a medal containing the opening words of St. John worn as a protection from evil.”

² Ní léir cé dó atáthar ag tagairt anseo.

³ I.s. 'sí'

oiread 'a frí' do phlástra dhom le cuir léi. Cuireadh léi an plástra, agus leighis sé fé chionn tamaillín í. Ní fheacamair riamh ó shin an fear siúil, agus ní fheacaigh éinne riamh roimis sin é, ach leighis sé mo chois, agus poc a bhí uirthi. Tá a fhios agam go maith gur poc a bhí uirthi. Bhíos féin, agus beirt eile gearrchailí ag seó tréis scoile, agus chonaiceamair an ribín ana-dheas ar an mbóthar, agus ritheamair, fhéach cé is túisce a bheadh aige, agus bhíos-sa rómhaith don mbeirt eile sa tsiúl, agus fuaireas é. Tá fionnchruth an ribín fós as mo chomhair amach, is é a bhí casta ar an gceirt a bhí ar mo chois, agus ní héinne cóir a chuir fém bráid é, mar níor mhothaíos goirtín nó éinní eile ar mo chois go dtí gur shéid sí chugham tréis teacht abhaile. Is mó rud a trialladh léi faid a bhí sí tinn. Tháinig bean isteach lá, agus d'fhiarthaigh sé dom máthair¹:

“An gcuiris an carraigín léi?” ar sise. “Cuir ceirí don gcarraigín léi,” ar sise, “agus b'fhéidir go ndéanfadh sé maitheas di.”

Chuir mo mháthair an plástra lem chois, ach ní fheaca-sa an plástra go dtí go raibh sí á bhaint díom. Cad a bhí ann, ach soláthar an duine. Sin é an 'carraigín'. An 'carraigín' a thug sí siúd air ach go háirithe. Chuala “ceirí chois an chlaí” leis ar a leithéid. Bhíodh arán bán a bhíodh beirithe i mbainne á chuir mar phlástra le rudaí tinne, nó práta a bheadh róstaithe fén dtine, agus é brúite, agus rianán ime curtha air, agus císte beag déanta do á dh'úsáid mar cheirí chun tarraic.

An sagart ag déanamh leighis

Bhí mo dhriofúr in aimsir age *Father* éigin, agus bhí bean tí an uair sin ag an sagart go dtugaidís Abbey uirthi, agus níl aon tráthnóna ná cuireadh Abbey í síos fé bhun an teampaill i gcosa Abbey, agus sin é an leigheas a bhí aici chúthu. An sáile a bheiriú is dócha, agus iad a shíoladh leis. Is é an t-am a théadh mo dhriofúr síos i gcónaí nuair a bhíodh an ghrian ag dul fé. Tháinig bean 'dtím mháthair.

“Tabhair abhaile do ghearrchaile. Tá sí ag dul ann ró-mhíthráthúil síos ag triall ar sháile, agus b'fhearr dhuit í a thabhairt leat abhaile”

1 l.s. 'bmáthair'

Ambaiste féinig, ní fada ina dhiaidh sin go gcaith sí féin teacht abhaile le tinneas a tháinig thiar ina sáil, agus bhí sí an-olc ar fad, agus an-olc ar fad leis an bpian, agus leis an dtinneas. Bhí an *coadjutor* ansan thuaidh ar an gCarraig, Domhnach, is thugadar isteach chúichi é tréis an Aifrinn, ach dhera, d'fhéach sé ar an gcois. Bhí oiread san sa tsáil, b'éigean an chos a 'spáint do. Bhí sé ag caint, is ag cimilt na coise leis an dá ordóg. Is ea, fé cheann tamailín, stad sé don gcaint, ag paidreoireacht a bhí sé is dócha, agus é á chimilt, agus á chimilt, agus phléasc an chos, agus chuaigh cuid don mbraon a bhí inti ar a chuid éadaigh. Chneasaigh sí fé chionn tamaillín ansan. Dheineadar amach gur poc a buaileadh uirthi. Dheinidís amach an uair sin gur mheasa a bheith amuigh le buíú gréine ná i lár na hoíche.

Gealacán uibh

Chloisinn go mbainidís úsáid as ghealacán uibh ar an liathbhuí. Chloisinn iad á rá, ach N'fheadar conas a dheinidís suas é.

Uachtar

Agus sin rud a chloisinn iad á rá nuair a bhíodh cos ná lámh briste, chuiridís fuilig¹ agus uachtar leis an áit b[h]riste chun é a dh'fhuaradh, an fhuilig a ghearradh mion, agus iad a fhliuchadh le braon uachtair, agus é sin a bhualadh isteach leis.

Eidhneán

Chuiridís caipín eidhneáin ar leanaí go mbíodh ceann tinn acu.

¹ Tá an méid seo a leanas le fáil ag Máirín Uí Chonchubhair in *Flóra Chorca Dhuibhne*: “Luibh íseal streachlánach lom bhliantúil, flúirseach in áiteanna oscailte, i dtalamh rómhartha, i bhfásaigh agus ar imeall coille, in ithir shuaite úr, searbh nó cailcreach... fanann an síol suanach ar feadh na mblianta nó go nochtar don solas é. Líonann ithir shuaite d'fhuilig. D'ití fuilig tráth mar ghlasra, agus itheann daoine a bhíonn ar thóir glasraí fiáine fós í, amh nó beirbhte san uisce a fhanann uirthi tar éis í a ní agus blúire ime léi. Is mar luibh leighis is mó a d'úsáidtí in Éirinn í. D'úsáidtí mar cheirí í chun faoiseamh a thabhairt do at, athlasadh agus leonadh” (1995: 67). Bhí an méid seo ó chnuasach béaloidis a bhailigh Seán Ó Súilleabháin i Scoil Chluain Chumhra Lios Póil sa bhliain 1922 agus ar tugadh an tagairt CBÉ, S426: 80 dó (1995: 261): “Beirbhití an fuilig agus é a bhriseadh go mion agus é a mheascadh le huachtar ina chéirí nó phlástar agus é a chur isteach leis an áit thinn” (1995: 67).

Maothachán

Chuala aon uair amháin mar gheall ar mhaothachán, á mbeadh tinneas id chois, maothacán stálaithe a théamh, agus a bheith á *batheáil*, an áit a bheadh an tinneas ort leis. Bhí fear ar an gClochán Dubh. Bhíodh tinneas cluaise air. Bhí fear seoigh éigin ann. Dúirt sé leis maothachán stálaithe a chuir isteach ina chluais. Chuir. Dhein sé rud air. 'Dhóbair nár chuaigh sé as a mheabhair. Á bhfaigheadh sé greim ina dhiaidh san air, mharódh sé é.

Stráicí

Á mbeadh éinní tinn ná gearrtha, ní bheadh éinní bhuathu le casadh air ach línéadach, burlaí a bhíodh i seana-léinteacha a stracaidís. Bhí leigheas insa línéadach, a deiridís, agus chuiridís plainín ansan timpeall ar an línéadach sa gheimhreadh chun í a chimeád cluthair. Deiridís gur mhaith é an rud tinn a chimeád te. Snáithín ola ansan a chuiridís casta air, toisc go mbíodh Naomh Bríde ag sníomh, deiridís go mbíodh leigheas insa tsnáithín ola.

Ruaimneach

Chasaidís ribe ruaimní ar fhaithne. Chasaidís cruaidh timpeall air é. D'fhanadh sé mar sin. Ní chuiridís aon tsnaidhm air.

Maothachán mar chosaint

Á mbeadh bean linbh ansan, bhíodh mná suas istoíche léi, agus nach aon oíche, dheinidís an maothachán a chrochadh timpeall an tí, agus na leapa, agus amach an doras chun ná sciobfaí í.

173. *Lánú a bhí sé fichid blian*

11.3.45

CBÉ, 968: 127-129

Ní raibh páipéir in aon chor fadó fe mar atá anois ann. Níl aon duine uasal ná bíodh postaire lasmuigh aige ag bailiú scéalta. Ach bhí sé i mBleá Cliath, postaire age méara a bhí ar an mbaile mór. Tháinig sé isteach, agus d’fhiarthaigh an méara dho an raibh aon scéal nódh aige.

“Tá,” arsa é sin, “anois a phós lánú atá sé fichid bliain.”

“Á, bréag is ea é,” arsa an méara.

“Ní hea,” arsa é sin, “chuala gur scéal siúráltha é.”

“An raghfá, agus é¹ a dh’fháilt,” arsa é sin, “agus iad a thabhairt chugham.”

D’imigh an postaire, agus do fuair sé amach iad. Dúirt sé leo go raibh an méara, go dteastaigh bhuaidh iad a dh’fheiscint. Do thánadar isteach chuige.

“A leithéid seo a chuala,” arsa é sin, “an bhfuil sé fíor?”

“Tá,” arsa an fear.

“Is mór an obair liom má tá,” arsa é sin.

“Ó, ná bíodh aon iontas ort,” arsa an fear ag cuir a lámh ina phóca, agus ag síneadh a n-aos chuige.

Bhí an fear bliain agus sé fichid. Bhí an bhean sé fichid, agus shiúlaíodar bliain agus fiche an mhaidean san.

“Conas a chaithis do shaol?” arsa an méara leis.

“Ní raibh aon ana-theaspach orm,” arsa é sin, “ní mór a dh’itheas aon ghreim riamh nó go dtí go dtiocfadh ocras orm, agus nuair a dhúiseoinn, níor chuas chun codlata arís riamh, ach éirí. Chuirinn péire bróg nódh ar mo chosa gach aon lá Samhna.”

“Dheinteá é sin go maith,” arsa an méara, “fanaídh anso agamsa anois,” arsa é sin, “agus tabharfaidh mé mo chuid bídh féin faid a mhairfidh sibh, agus seomra.”

¹ Don ‘scéal’ a thagraíonn an forainm seo.

Thug sé an seomra dhóibh, is ní raibh aon easpa bídh orthu. Níor mhair éinne acu bliain. Mheas sé go dtabharfadh sé breis saoil dóibh. Is é an rud a deineadh amach go mb’fhearr a dhéanfaidist a bheith fé mar a bhíodar riamh.

174. *Cúrsaí sláinte*¹

[?].10.47

CBÉ, 982: 278-281

“An té a bhíonn breoite, ní gnáthach feoil air,” seanfhocal is ea é, agus bheadh duine sláintiúil go maith, agus gan puinn feola air.

“Féach ar an gcúl feola atá air” a déarfaí le duine a bheadh i gcothú mhaith nó “féach ar an gcírín dhearg atá air.”

Bhíodh sé ina aon “bhéar” amháin.

“Nách breá an ceann feola atá air, ní foláir nó tá a chuid ag dul go maith do.”

“Fál, fascadh, agus mochéirí,” na trí rud is fearr chun suaineas aigne agus coirp agus sláinte a fhágaint ag feirmeoir. Má bhíonn a chuid cosanta go maith aige, agus tig maith aige, agus é ag éirí moch ar maidin, beidh an oíche chun suainis aige, agus raghaidh san chun maitheasa.

“Tá sláinte an bhradáin aige,” a déarfá le duine go mbeadh sláinte mhaith aige.

“Is fearr an tsláinte ná na táinte ar chnoc.” Is milis an rud an tsláinte.

“Níl spioda fí air, ach tá sé comh folláin le breac.”

“Tá sé sin comh righin le easaí.”

“Is minic a bhíonn dealraiteach cailliúnach.” Bheadh fear nó bean ansan i ndealramh mhaith, agus b'fhéidir ná beadh an tsláinte ar fheabhas acu. Is dócha ná raibh aon aithne agatsa ar S[h]eana-Mháistir Honlihan a bhí ar an Muirígh. Fear beag ab ea é, agus ní raibh dóthain cait d'fheoil air aon lá riamh. Bhí Moriarty thiar i nGallros, agus bhí bolg mór air, agus á, ní fhear trom². Bhí Moriarty agus m'athair lá ar an Muirígh, agus chonaiceadar Seana-Honlihan chúthu aniar, agus é ag léimeadh gach aon chlaí.

“Nách cúnta an fear é,” arsa m'athair.

“Ní haon ní é sin,” arsa Moriarty, “thabharfainn a bhfuil agam inniubh ar a bheith comh

¹ ‘Chapter VII. Handbook of Irish Folklore’ a bhí mar theideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn. ‘Folk-Medicine’ is teideal don chaibideal chéanna in *A Handbook of Irish Folklore*, agus aon leathanach déag ar fad ann (Ó Súilleabháin, 1942: 304-315).

² l.s. “n'fhear throm'

héadrom, comh lúfar leis, agus ní mar mhagadh atáim.”

Bhíos ag eachtraí duit cheana ar an bhfear a mhair sé fichid bliain¹, agus nuair a fiarthaíodh do conas gur mhair sé comh fada, dúirt sé nár ith sé greim riamh ach nuair a bheadh ocras air, agus nár fhan sé riamh sa leabaidh, ach nuair a dhúisíodh sé, éirí, agus cheannaíodh sé feidhre nódh bróg gach aon lá Samhna chun go mbeadh bróg thirim ar a chois i rith an gheimhridh.

“Tosach sláinte, codladh,” a deir an seanfhocal. Níl aon chomhartha is fearr ar dhuine a bheadh olc breoite ná é ag déanamh codladh maith. Comhartha is ea é go bhfuil casadh aige.

Conas é siúd a deir an seanfhocal aríst...

“Deireadh loinge í a bhá,
deireadh átha í a loscadh,
deireadh flaithe é a cháineadh,
agus deireadh sláinte osna.”

Cad é an rud ‘áth’? Áth is ea áit a bhíodh coirce á chrua ar thine.

Duine a bheadh lom: “níl dóthain cait d’fheoil air,” “níl ann ach an fráma,” “níl ann ach na cnámha,” “tá na cnámha ag olladh an choirp aige,” “níl ann ach na ceithre uaithne.”

Duine go mbeadh droch-chuma air:

“Tá sé ina cháithleach,” “tá dath an bháis air,” “ní maith an crot atá air,” “tá sé mílítheach,” “ní fada bhuaidh,” “tá dath comh geal leis an bhfalla air,” “tá sé feosaí lag,” “níor fhan brí an speatháin ann ó fuair sé an taom san,” “níl sé misniúil,” “bhí sé tanaí, agus ghaibh an fuacht tríd.”

N’fheadar cad mar gheall ar aon ghearán a bheadh ar an nduine, ach tá a fhios agam nuair a bheadh an ré ann, í ag líonadh, nár cheart ainmhí a ghearradh², mar bheadh an gearradh ag méadú fé mar a bheadh an ré ag líonadh. Sin rud eile a chuala, nár cheart dul ar snámh nuair a bheadh an tráigh ag líonadh. B’fhearr dul ar snámh nuair a bheadh sí ag trá, mar á mbéarfadh ort, bheadh an t-uisce ag imeacht bhuaite, agus bheadh seans éigint agat.

¹ c.f. §173 | CBÉ, 968: 127-129, lámhscríbhinn a breacadh cúpla seachtain roimhe sin.

² Soláthraíonn SÓD nóta ag meabhrú dúinn gur ‘coilleadh’ a bhí i gceist ag an gCrimhthanach.

Deir siad gur eagla a chuireann an 'liathbhuí' ar leanaí. Á mbeadh duine ansan ag cuir eagla ar leanbh, “stad,” a déarfadh duine leis, “is ná cuir an liathbhuí air.”

Bhíodh fear siúil orainne anso thíos.

“Níl éinní sa sagairt,” adeireadh sé, “ach fé mar déarfá le leanbh, *to you the loo.*”

An ndéanfaí dúchas?

Bhí asal agamsa gur baineadh ceann dos na cluasa dho. Bhí searrach ag an asal san, agus bhí an chluas chéanna ar sileadh leis, agus d'fhan sí mar sin.

175. *Cluas gabhair mar leigheas*

11.3.45

CBÉ, 968: 170-171

Bhí m’athair fadó, beannacht¹ Dé léna anam, bhí sé thuas ar an gcnoc, is é ina gharsún, agus do bhuail fear chuige, seandúine ó Chom Ga ag lorg gabhar. Bhí gearrchaile in aonacht leis. Bhí tuairisc an ghabhair age m’athair, agus is é an áit go raibh an gabhar thíos age tithe Chathair Scoilbín nách mór.

“Ní fhéadfaidh mé treabhadh aníos leo,” arsa an seandúine, “tréis mé dul síos.”

“Fan ansan,” arsa m’athair, “is tabharfadsa aníos na gabhair.”

Do thug sé aníos na gabhair, ach an gabhar a bhí bhuaidh seo, do bhí an chluas amach ón gceann di.

D’fhiarthaigh m’athair do canathaobh go gcuathars comh doimhin ar an gcluas.

“Ní raibh aon ghamhain ag maireachtaint agam,” arsa é sin, “agus dúirt duine liom an chluas a bhaint amach ón gceann do mhionáin agus é a chur isteach i gcluas an chéad ghamhain a béarfaí dhom. Do dheineas é,” arsa é sin, “níor cailleadh aon ghamhain ó shin orm.”

¹ l.s. ‘bineacht’

176. *Fear an tinneas croí*¹

[?].1.46

CBÉ, 979: 24-26

Fear a bhí ann, agus bhíodh sé ag gearán ar thinneas croí ar feadh i bhfad. Bhí dochtúir óg insan áit. Bhíodh sé ag dul chuige go minic, agus mara mbeadh aige ach scilling, thógfadh an dochtúir é. Ní raibh aon mhaith aige á dhéanamh do. Dochtúir óg ab ea é. Ní fada a bhí se pósta. Ach chuaigh sé chuige lá. Dúirt sé leis ná raibh éinní inniubh aige le tabhairt do. Dúirt sé leis an ndochtúir. Dúirt an dochtúir ná féadfadh sé féin éinní a dhéanamh do leis sin. Ach d'imigh sé. Ní raibh sé i bhfad ón ndoras in aon chor nuair a dhírigh a bhean ar an ndochtúir.

“Is mór an náire dhuit,” arsa í sin, “má fhéadfá é, ná déanfadh maitheas éigin don bhfear bocht.”

“Ó, dá leighisfinnse gach éinne tapaidh,” arsa é sin, “ní fhéadfainn tusa a chothú.”

“Más é sin an tslí athá agat,” arsa í sin, “chun mise a chothú, b’fhearr liom dul ag bailiú mo dhéirce nuair ná déanfá maitheas do dhuine bocht dealbh dá bhféadfá é.”

Bhí an fear bocht ag siúl leis, is chuala sé gach éinní. Ach ghoin an bhean an dochtúir comh mór san gur ghlaoigh sé aríst air. Tháinig sé isteach aríst.

“An mbíonn tú ag ól tobac?” arsa an dochtúir.

“Táim,” arsa é sin, “agus tugtha go maith dho nuair a dh’fhéadfainn é a bheith again, ach is minic ná féadaim.”

Mheas an fear bocht gur ag magadh fé a bhí sé, ach níor mhaith leis aon drochfhreagra a thabhairt air.

“Cad leis a dheargaíonn tú do phíp?” arsa é sin.

“Leis gach éinní is túisce chugham,” arsa an fear bocht, “*match* nú blúire ’o pháipear nú spré.”

“Imigh anois,” arsa é sin, “agus bíodh scolb giúise¹ agat gach aon uair a dheargóir í. Ná

¹ Bhailigh Seán Ó Dubhda leis seanchas i dtaobh an scoilb ghiúise agus an cumas leighis a bhain leis (c.f. CBÉ, 621: 33-35).

dearg do phíp le haon rud ach leis an scolb giúise, agus tair chugham i gcionn mí aríst,” arsa é sin.

Dhein sé rud air. Do fuair sé an scolb giúise, agus is leis a dheargaíodh se a phíp i gcónaí, agus i gcionn an mhí, bhí a chroí comh maith is a bhí sé riamh. Chuaigh sé go dtí an dochtúir aríst.

“Is ea,” arsa an dochtúir, “conas ’tá agat?”

“Ó, ní rabhas aon lá riamh comh maith is táim,” arsa é sin, “canathaobh nár thugais an leigheas in am dom.”

“Á leighisfinnse gach éinne tapaidh,” arsa é sin, “ní mhairfinn in aon chor.”

Nis sé an fhírinne dho. An fear féin a bhí á rá le m’athair. Is dócha nárbh fhada ó bhaile e.

¹ l.s. ‘deargthóir’

177. *Fear na nGleannta go raibh an tinneas ina chliathán*

[?].7.44

CBÉ, 936: 417-418

Bhí sé ansan theas ar Na Gleannta, agus do tháinig tinneas ina chliathán, agus do tháinig an dochtúir chuige, agus ní fhéadfadh an dochtúir aon leigheas a dhéanamh do. Ach deireadh sé i gcónaí gur age bean a bhí sé. Bhí sé caite sa chúinne, agus do ghaibh bean tsiúil isteach lá.

“Mhuise, suigh aníos,” arsa é sin, “b’fhéi’ gur agat a bheadh mo leigheas.”

“Is mór an trua aon leigheas a dhéanamh duit,” arsa í sin.

“A leithéid seo ’o lá, bhís i gcomhairí ina leithéid seo ’o áit,” arsa í sin, “agus chuaís isteach i ngort, agus níor ghá dhuit caitheamh gránna a thabhairt duit féin tréis dul isteach gan suí socair. Chaithis tú féin anuas,” arsa í sin, “ar garsún liomsa, agus tá sé tinn go maith id dhiaidh,” arsa í sin. “Téadh teachtaire anois,” arsa í sin, “fé shúil an droichid atá ansan thíos, agus tá luibh istigh ann, agus rugadh sé leis í, agus beiridís duit í,” arsa í sin, “agus leighisfidh sí tú.”

Bhailimh sí léi. Chuaigh teachtaire ag triall ar an luibh, agus bhí an luibh lé fáilt, agus tugadh chuige í, agus do beiríodh do í, agus do leighis san é.

178. *An fear ón Leitriúch go raibh an beal tinn aige*

[?].1.46

CBÉ, 979: 27-29

Bhí fear thíos insa Letiriúch, agus bhuail sé le m'athair lá insa Daingean, agus bhí béal ana-thinn aige.

“An fada athá do bhéal mar sin?” arsa m'athair leis.

“Tá sé leis an áirithe seo,” arsa é sin, “agus píp a dhóigh é,” arsa é sin.

“Cuir díot anois,” arsa é sin, “go tapaidh, agus bain amach Trá Lí.”

Bhí sé ag gabháilt do.

“Ná téir abhaile in aon chor,” arsa é sin, “gheobhaidh tú duine éigin a bhéarfaidh scéala síos go bhfuileann tú imithe ann.”

Bhí sé ag gabháilt do, agus dhein sé rud air, agus chuaigh sé 'dtí an dochtúir.

“Is mór an obair,” arsa an dochtúir, “nár fhanais tamall eile,” nuair a dh'fhéach sé ar a béal.

Ghearraigh sé an béal an uair sin aige. Dúirt sé leis dul isteach 'on ospideal anois go gcaithfeadh sé tamall a thabhairt in ospidéal.

“Á bhfanfá seachtain eile,” arsa é sin, “ní fhéadfaí aon leigheas a dhéanamh duit.”

Chuaigh sé 'on óspidéal. Thagadh an dochtúir gach aon mhaidean isteach chuige, agus buidéal aige, is chimlíodh sé dá bhéal é. Ach i gcionn seachtaine, b'fhada leis a bhí sé istigh ann. Chonaic sé an *t-address* a bhí ar an mbuidéal. Do bhuail sé amach. Chuaigh sé isteach go dtí *chemist*, agus cheannaigh sé buidéal don tsaghas céanna. Tháinig sé abhaile, is bhí sé ag caint le m'athair i gcionn leathbhliana ina dhia' san.

“Tá do bhéal go maith anois,” arsa m'athair leis.

“Tá,” arsa é sin, “agus ní bheadh, mara mbeadh tusa. Bhíos curtha mara mbeadh tú.”

179. *Leigheas age céile shagairt*

18.2.45

CBÉ, 967: 482-483

Do bhí fear ann fadó, agus do tháinig *running evil* air. Ní raibh aon leigheas lé fáilt do in aon áit, ach dúirt bean alltha léna mhnaoi nárbh fhéidir aon leigheas a dhéanamh do, ach age céile shagairt, agus gurb é an áit a gheofaí í sin i gcontae Luimní. D'éirigh sé ar maidin, agus bhí sí á dhéanamh fhéin suas chun scaoileadh fé C[h]ontae Luimní, agus do ghaibh bean tsiúil isteach, agus garsúinín in aonacht léi. Lé linn iad a theacht isteach, do léim an chearc amach as an gcúib tréis ubh a bhreith. Do rith an garsúinín, agus do shnap sé an t-ubh. Do thairrig an mháthair lé clabhta baise air.

“Is gránna an bhean tú,” arsa bean an tí, “a leithéid sin a dhéanamh leo leanbh.”

“Táim cráite aige,” arsa í sin, “tá sé comh crosta.”

D'imigh bean an tí, agus do thug sí ubh eile don leanbh i dteannta an t-ubh¹.

“Mo ghraidhin mise,” arsa í sin, “atá ag imeacht chun bóthair, is n’fheadair an mbuailfidh ubh ná éan liom.”

“Caileann tú ag dul?” arsa an bean tsiúil.

“Tá sé seo gan mhaith lé fada,” arsa í sin, “agus do chuala ná raibh an leigheas lé fáilt in aon áit, ach aige céile sagairt, agus gurb é an áit a gheobhainn í sin i gContae Luimní.”

“Is dealraitheach,” arsa an bhean tsiúil, “an rud ná ceileann Dia ná ceileann daoine é. Ní gá dhuit do chos a chorraí.”

Is í a bhí ann. Do dhein sé an leigheas sara bhfág sí an tig.

Conas a dhein sí an leigheas?

Ó, níl aon chuntas agam air, ach dhein sí é.

¹ Nóta ó SÓD ag an bpointe seo ag meabhrú gur cheart gur “an uibh” a bheadh ann.

180. *Leigheas ar fhaithní*

8.4.45

CBÉ, 968: 363-364

Bhí máistir scoile ar an mbaile seo tá tamall maith ó shin. Do bhí cuid mhaith d'Éire siúltha aige, ach do bhí sé ag eachtraí dhom nuair a bhí sé ina gharsún ag dul ar scoil, do líon a dhá láimh suas d'fhaithní, agus do bhí gearrchaile a bhí insa *chlass* ina theannta.

“Ná geobhfá leigheas éigineach dod lámha?” arsa í sin. “Táid siad laitithe ages na faithní.”

“Ní fhéadfainn aon leigheas a dh'fháilt,” arsa é sin.

“Gaibh sall tráthnóna,” arsa í sin, “go dtím máthair¹ chríonna”

“Tabhair chugham deich cinn do shnaidhmeanna a gheobhaidh tú ar léas c[h]oirce,” arsa í sin.

Do dh'imigh sé, agus do fuair sé na deich cinn do shnaidhmeanna, agus do thug sé chúichi iad. Thug sé dhi iad.

“Téir abhaile anois,” arsa í sin.

Do chuaigh, agus an tarna maidean, nuair a bhí sé á ní fhéin chun dul ar scoil, ní raibh aon rian faithne ar a dhá láimh. Nách tapaidh an scuabadh a fuaireadar.

1 l.s. 'bmáthair'

181. *Leigheas feorsaí*

8.4.45

CBÉ, 968: 393-394

Bhí bean insan áit seo fadó, agus do bhí leigheas feorsaí aici a bheadh ar chapall, ach do bhí mac di, agus do chuaigh sé as a mheabhair, agus d'éirigh sí as a bheith ag leigheas éinní ansan le fhios gurb é a tháinig leis an mac. Ach do tháinig fear ag triall uirthi go raibh an feorsaí ar a chapall. Dúirt sí leis go raibh sé sin tugtha suas aici mar gheall ar an mac, ach má gheobhadh sí cead ón sagart, go ndéanfadh. Chuaigh sé go dtí an sagart. Dúirt an sagart leis an bhean a theacht chuige, agus do chuaigh. Dúirt sé léi na paidreacha a bhí aici chun leigheas a dhéanamh a rá dho. Do dúirt.

“Téir,” arsa é sin, “agus leighis an capall. Níl aon díobháil id phaidreacha.”

Do chuaigh sí, is do leighis sí an capall. Bhí sí á leigheas as san amach.

“Is maol guala gan bráthair,” a deir siad, ach ní hé sin an focal ceart. Do bhí beirt driothár ann, beirt d'fhearaibh maith. Nuair a bhídís i dteannta a chéile, ní luódh aon bhuille orthu. Ach do bhí duine acu lá, agus ní raibh an driotháir ina theannta in aon chor. Bhí bráthair ina theannta. Do luigh an buille go dóite an lá san air.

“Is ea,” arsa é sin, “is maol a bhuailis a bhráthair, is mairg a bhíonn gan driotháir.”¹

Á mbeadh an driotháir ina theannta, ní luífeadh an buille air.

¹ Casadh á bhaint as an seanfhocal “maol guala gan bhráthair.” Tá iontráil léannta ag T.F. O’Rahilly i dtaobh an tseanfhocail seo, agus é mar uimhir 61 aige in *A Miscellany of Irish Proverbs*: “Maola guala gan bhráthair, ‘s is do bhíon gan dea-bhráthair... for the foll quatrain see Dánfhocail, 227. In a poem attributed to Gormlaith, the line occurs: *Maol guala ag nach bí bráthair*, Meyer. Misc. p. 354. The Four Masters quote *Maol guala gan bráthar*, s. a. 1583 (p. 1804). It may be noted that in Canon O’Leary’s version *is maol guala* is corrupted to *is maol-dhualga* (Aesop i. 37). The proverb is also well known in Scottish. Nicolson quotes a precisely similar saying (borrowed from Irish?) from the Norse Saga of Burnt Njal: “Berr er hverr á baki, nema ser bróðhur eigi”, “Bare is one’s back unless he have a brother.” Compare the next proverb. 62. Mairg do bhíonn i dtír gan duine aige féin,” (O’Rahilly, 1922: 16).

182. *Im úr mar leigheas*

[?].6.44

CBÉ, 936: 413-414

Bhí fear eile ann, agus bhí sé ag cailliúint a shláinte, agus dúirt duine éigin leis dul go dtína leithéid sin do bhean leighis, agus bhí sí tamall mór ó bhaile. Ach do chuaigh sé ag triall uirthi, agus nuair a chuaigh sé chúichi.

“Ní fhéadfaidh mé éinní a dhéanamh inniubh duit,” arsa í sin, “ach tair amáireach, ach tánn tú tamall mór ó bhaile anois, agus tá sé déanach, agus fan ar an mbaile anocht. Tóg lóistín i dtig éigin, agus tair chugham ar maidin amáireach ar céalacan.”

D’imigh, agus do fuair sé lóistín, agus nuair a dh’éirigh sé ar maidin, bhí cuigeann déanta age bean an tí. Tig feirmeora ab ea é, agus bhí sí ag gabháilt don im. Ach nuair a dh’éirigh sé chun dul ’dtí bean an leighis, chuir sí a méir san im, mar sin béas a bhí age seana-mhná, agus dúirt sí leis é a bhlas, agus b’ait leis ansan gan é a thógaint. Ach do thóg sé an t-im, agus chuir sé ina bhéal é, agus scaoil sé leis siar. Ach nuair a chuaigh sé ’dtí bean an leighis:

“Níor tháinís chugham,” arsa í sin, “fé mar a dúrt leat.”

“Do thána,” arsa é sin.

“Níor tháinís,” arsa í sin, “an rud a dheinis ar maidin inniubh,” arsa í sin, “á ndéanfá age baile é, níor ghá dhuit teacht anso. Tá do chuid leighis déanta anois,” arsa í sin, “ribe do chlúmh cait a bhí ceangailte id ghoile,” arsa í sin, “is ní raibh éinní chun é a bhogadh ach amháin blúire d’im air.”

Tháinig sé abhaile, is ní raibh éinní air. Nár ghéar an bhean í sin.

183. *Dochtúir Francach a tháinig 'on Daingean*

[?].7.45

CBÉ, 977: 212-214

Ní raibh aon teora leis na dochtúirí Francach. Tháinig dochtúir Francach 'on Daingean chun maireachtaint ann. Thóg sé lóistín an oíche sin sa Daingean. Bhí se ina shuí go moch ar maidin. D'fhiarthaigh sé d'fhear an tí cad é an bóthar is mó go ngaibheann daoine ag teacht 'on Daingean. Dúirt sé leis gur isteach bun caladh is mó a ghaibheann daoine. Tháinig sé go ceann an ché, is do bhuail sé a dhrom le falla tí ansan. Thug sé fé ndeara go maith gach éinne a ghaibh thairis, is úmacha móna acu, gan aon bhróg ar éinne acu, ach lóipíní ar chuid acu. Thug sé tamall maith ann, is tháinig sé isteach go dtí an áit go raibh sé ar lóistín.

“Ní dh'fhanfaidh mé in aon chor san áit seo,” arsa é sin, “ní mhairfinn in aon chor ann. Tá daoine rófholláin. Ní raibh aon bhróg ar aon duine a ghaibh tharam inniubh,” arsa é sin, “lóipíní ar chuid acu,” arsa é sin, “is a thuilleadh acu cosnochtaithe. Nuair a bheidh siad san ag dul a chodladh anocht,” arsa é sin, “nífidh siad a gcosa in uisce na bprátaí. Níl aon dul go bhfaighidh siad aon fhuacht.”

Bhailimh sé leis. Ach bhí dochtúir eile Francach a ghaibh an bóthar lá a bhí meitheal ag obair in aice an bhóthair.

“Tánn sibh ag obair ana-dhian,” arsa é sin, “ná suífeadh sibh.”

Do shuíodar.

“Deargaigh an tobac,” arsa é sin.

Do bhí cuid acu ná raibh ag ól aon tobac. Ach do dhearg sé féin a phíp. Do bhí buachaill ann, agus ní raibh aon phíp aige.

“Ná deargófá-sa¹,” arsa é sin.

“Ní dh'ólaim aon tobac,” arsa é sin.

“Seo píp ‘uit,” arsa é sin, “is tairrig cuid di.”

¹ l.s. ‘deargthófá-sa’

“Á, ní fhéadfainn é,” arsa é sin.

“Deirim leat,” arsa é sin, “trí nú ceathair do ghalanna dhi a tharrac.”

Ní thairrigeodh.

“Ní fada eile a mhairfidh sé sin,” arsa é sin.

D’imigh sé bhuathu, agus ní raibh sé i bhfad bhuathu in aon chor nuair a ghearán an buachaill, agus do thit sé. D’imigh teachtaire i ndiaidh an dochtúra, agus dúirt sé leis go raibh an buachaill úd titithe.

“Bhí a fhios agamsa,” arsa é sin, “nárbh fhada go dtitfeadh sé.”

Tháinig sé, agus san am gur shroich sé, bhí an buachaill caillte.

“Má dh’fhaighimse cead óna mhuintir anois oscailt air,” arsa é sin, “teasánfaidh mé díbh an mhaith atá sa tobac.”

Tugadh abhaile an buachaill, agus d’iarr sé cead ar a mhuintir oscailt air. Fuair sé cead. D’oscail sé air, agus do thóg sé amach coileach goile ina bheathaidh. Dhearg sé an phíp, agus scaoil sé gal don dtobac fé. Seo an coileach goile á chrothadh féin. Ar an tríú gal a scaoil sé fé do cailleadh é.

“Á dtógfadh an buachaill sin na trí ghal bhuamsa,” arsa é sin, “bhí a mhaitheasaí déanta.”

Chuala ná raibh aon fhocal bréige ansan.

184. *Dúil i dtobac agus seanchas eile*

[?].9.46

CBÉ, 981: 383-399

Bhí buachaill i gCathair Deargáin, agus mhairbh an nimh gadhar ar m'athair. Chuir sé unsa tobac air. Ghaibh an buachaill isteach 'dtí m'athair. Bhí ana-dhúil i dtobac aige.

“Cailleadh do ghadhar ort,” arsa é sin.

“Cailleadh,” arsa m'athair, “bhí nimh tógtha aige, agus chuireas unsa tobac air, ach níor dhein sé aon mhaith dho.”

“On diabhal,” a dúirt sé, “cail sé go n-osclóidh mé air.”

Tá diabhal éigin sa deoch. Ghaibheas isteach go *public house* lá. Bhí bean an tí istigh sa chistin. Dúirt léi piont a thabhairt dom. Tháinig sí amach, agus bhí a lámha lán do phrátaí tréis a bheith á mbrú. Líon sí an piont, agus d'ólas é. Á bur bainne é, ní dh'ólfainn in aon chor bhuaithi.

Cad é an comhartha liú a bheith id chluais?

Thiocfadh liú id chluais le fuacht¹, agus bhíodh sé ages na seana-mhná, “tá liú im chluais,” a deiridís, “tá duine éigin muinteartha chun bás a dh'fháil.”

Cad é an rud an alaoir?

Duine ná beadh éisteacht mhaith aige, déarfaí go mbeadh alaoir air.

Cad é an pháirt don gcorp go ngaibheann an t-anam amach nuair a chailltear an duine?

Suas trí loigín a bhaithis. Ní gheobhaidh sé tríd an mbéal, mar tá an béal róshalach age droch-chaint. Nuair a raghaidh tú isteach go tig an óil, fágfaidh t-aingeal coimhdeachta ansan tú nú isteach go tig an cheoil, nú isteach go tig na himeartha.

¹ .i., ‘slaghdán’, dar le nóta mínithe ó SÓD.

Bíonn ortha age daoine chun cártaí. Bhí fear bocht ann, agus fuair sé a bheith istigh i dtig. Bhí cártaí á dh'imirt ann. Iasc a bhíodh á dh'imirt acu.

“An bhféadfá a bheith ag imirt?” arsa duine acu leis an bhfear siúil.

“Bheinn, á mbeadh páirtí agam,” arsa é sin.

“Níor imir san aon chárta riamh,” arsa duine acu.

“Déanfaidh sé an gnó,” arsa an fear siúil, “ach ná deineadh sé aon dearúd.”

Bhí cliabh mhór dheargán buaite ag an bhfear siúil, agus agena pháirtí nuair a bhí sé san am stad.

“Beir leat iad san,” arsa an fear siúil.

“Ní fhéadfainn é,” arsa é sin.

“Ó,” arsa an fear siúil, “cuirfeadsa cuireata an hart á n-iompar duit.”

Níor chorrigh éinne acu go maidean le scanradh. Ní fadó a thit san amach, aimsir m'athar.

Bhí seandúine ar an mbaile seo fadó. Bhí aithne agam féin air. “Flatha, flatha,” a deireadh sé, “a dh'éiríonn le fianáíocht.”

Scéaltóireacht¹

Bhí Micí na gCloch thíos againn. Bhí sé ag scéaltóireacht. Tháinig Micí Mór Baker isteach.

“Scaoil chughainn Tadhg Gaelach,” arsa Micí.

“Ní scaoilfidh mé ná Tadhg Gallda,” arsa é sin.

D'éist sé ar fad. Bhí sé oíche eile, agus tháinig Micí Mór Baker isteach. Thosnaigh Micí na gCloch scéal. D'imigh Micí Mór Baker amach i lár an scéal. Á mbeinnse agus ocras maith orm, ní imeoinn

¹ l.s. ‘scéalaíocht’. Athraíodh an teideal a bhaist an Dálach ar an méid seo le go mbeadh an teideal seo ag teacht níos fear le friotal an tseanchaí.

nó go mbeadh an scéal críochnaithe aige¹.

Cártaí

Bhí fear ar an mbaile seo, agus á mbeadh sé istigh in aon tig go dtosnófaí ar chártaí a imirt ann, bhí an doras curtha age dho. Chonaic sé scanradh. Bhíodar bailithe timpeall Drom an Bhaile soir, agus bhí cártaí á imirt roimis an aifreann. Níor chuadar 'dtí aon aifreann. D'éiríodar chun a chéile, agus sara raibh an tAifreann críochnaithe, bhí fear marbh.

Fíodóir Leary a bhí ar an gClochán Dubh. An-fhear cártaí ab ea é. Ghaibh sé chughainn lá. Bhí m'athair sa Daingean, lá ana-bhreá. Bhí garsún dos na Connors istigh.

“An bhfuil an *deck* agat?” arsa an garsún.

“Tá,” arsa Leary.

Cnaipí a bhí acu á imirt. Ní fada a bhíodar ag imirt nuair a bhuail Leary é.

Chuala-sa m'athair á rá go dtug sé trí oíche é féin agus Loingseach ón gClochán Dubh ag foghlaim conas cártaí a imirt. Chuadar ag imirt ansan an chéad oíche eile, agus ní fada a bhíodar ag imirt nuair a bhí dhá scian tairrigithe ag an ndream a bhí ag imirt. Bhuail an Loingseach le m'athair tréis na himeartha.

“Is ea,” arsa an Loingseach, “an raghair ag imirt aríst?”

“Fad a mhairfead,” arsa m'athair, “ní bhéarfad ar aon chárta.”

“Beirimse 'on diabhal go bhfuil beirt amhlaidh,” arsa an Loingseach.

“Tá an scéal go maith,” a dúirt sé, “nuair ná raibh coirp anocht acu.”

Níor imir m'athair aon chárta as san amach, agus níor imríos-sa aon chárta.

Ar chualaís riamh go dtéann aon athrú ar dhuine bhreuite le teacht agus imeacht na taoide?

¹ MI J1177.0.1, "None should interrupt or leave the room while story is told."

Chuala go lagódh breoiteacht, agus go méadódh sí dréir na taoide, go méadódh sé le linn na taoide a bheith ag líonadh. Chuala nár cheart d'éinne dul ar snámh nuair a bheadh an tráigh ag líonadh, ach nuair a bheadh sí ag trá, mar bheadh an chontúirt ag imeacht uait. Bhí fear breoite ar an mbaile seo fadó. D'fhiarthaigh duine éigin do an raibh aon fheabhas air.

“Dhera, ná bac mise,” arsa é sin, “éinne ná féadfadh spíonóg sleamhacáin a bhreith leis.”

Iasc sa duine

Tá iasc sa duine¹. Ní bhíonn sé insan áit chéanna i gcónaí. Bíonn sé ag léimrigh anois agus aríst. Da bhfaighfeá buile ann, tá sé ana-chontúrach go marófaí thú. Bíonn an burdán beatha i nduine². Á mbeadh dúil ag an leanbh i rud éigin len ithe, mara bhfaigheadh sé, bheadh contúirt go gcuirfeadh sé a bhurdán beatha amach. Chuala-sa trácht ar bhean a bhí ag criathairt mine. Bhí garsún istigh. Bhí dúil an domhain ag an ngarsún sa mhin. Ní bhfuair sé aon ghráinne di. I lár na hoíche, scread sé.

“Á, an mhin, an mhin, an mhin,” a dúirt sé.

Imíodh, agus tugadh an mhin chuige, agus tugadh an mhin do. Chuir sé amach an mhin. Mhair sé.

Coileach goile

Chuala-sa trácht ar choileach goile a bheadh i nduine. Ní bhíonn sé gach éinne. Níl aon bhaol go mbeidh sé i duine a bheidh ag ól tobac. Bhí daoine bailithe i dteannta a chéile turas, agus bhí dochtúir Francach ina measc. Ana-dhochtúirí ab ea na dochtúirí Francach. Bhíodar ag ól thobac, ach bhí buachaill ann, agus ní raibh aon gal aige.

“Seo mo phíp duit,” arsa an dochtúir Francach, “agus ól gal.”

“Níor dh’ólas aon ghal riamh,” arsa an buachaill.

¹ MI A1310 a d’aithin Pádraig Ó hÉalaí a bheith sa mhéid seo, agus mhínigh Pádraig Ó hÉalaí gurb é is bun leis ná “gur bheathaigh an Slánaitheoir an slua le hiasc” (2012: 218).

² “Maidir le bradán na beatha,” arsa Ó hÉalaí, “féach Ó Súilleabháin 1970, 297, 299; Almqvist 1977, 10; Almqvista, 141-54” (Ó hÉalaí, 2012: 219).

I gcionn tamaill eile aríst, do shín an dochtúir an phíp chuige, ach ní dh’ólfadh sé í. Shín sé chuige an tríú huair í. Dh’ólfadh. Níorbh aon mhaith dho é. D’imigh an buachaill amach, agus ní raibh sé i bhfad ó bhaile nuair a thit an t-anam as. Thánadar go léir chuige, agus bhí an dochtuir ann.

“Is dó mhuisse,” arsa an dochtúir, á bhfaighinnse cead oscailt air, thabharfainn díbh é.

Fuair sé cead. D’oscail se air. Thóg sé amach ina stealladh bheathaidh as é¹. Chuir sé gal an tobac fé. Ar an tríú gal, thit an t-anam as.

“Á n-ólfadh san an tobac bhuamsa,” arsa an dochtuir, “bhí sé ina bheathaidh anois.”

Coileach goile age fear siúil

Fear siúil a ghaibh isteach ’dtí m’athair críonna lá, bhí an bia ar siúl. Dúirt m’athair críonna leis teacht chun an bhoird, agus greim a dh’ithe.

“‘On diabhal,” a dúirt sé, “ní raghad, mar ní haon mhaitheas dom é. Pé méid a dh’íosfaidh mé, beidh ocras orm.”

“An mar sin é?” arsa m’athair críonna. D’imigh sé, agus do bhain sé éanartach, agus do bheirimh sé é, agus do thug sé an t-uisce len ól do. Fé chionn seachtaine, d’íosfadh leanbh oiread leis.

Is dócha gurbh fhearr na seandaoine go mór ná daoine atá anois ann.

An sop in ionad na scuaibe, an fear óg in ionad an tseandúine. “Gach aon cheard ag dul i ngaireacht,” a deir an seanfhocal, “ach an saor cloiche ag dul i maoile.”

Ba é an tig cúram na mná. Bheadh drochmheas ar fhear a dhéanfadh bÁCáil ná nÍochán ná beiriú.

An raibh breis codlata ceapaithe do mhnaoi seachas fear?

Seacht n-uaire a chloig d’fhear,
hocht n-uaire a chloig do bhean,
naoi n-uaire a chloig do amadán,
deich n-uaire chloig do dhruncaeir.

¹ “an coileach goile” atá i gceist aige, dar le nóta ó SÓD.

An comharthaí báis ar fhear a bheith ag srúmatáil chodlata?

Is ea. Dheineadh fir a suan, agus an bhean á faire féin.

Tinneas fiacaile

Chuala leigheas ar thinneas fiacaile. Píp a líonadh do phiastaí dearga, agus í a dh'ól ar nós an tobac.

Déarfadh daoine eile leat bolgam don máistir a thógaint id bhéal, agus é a bhreith leat, agus é a chaitheamh do dhroim chlaí na teorann go dtabharfadh sé *relief* ort.

Ciacu is géire bean nú fear?

Is géire an bhean. Níl aon teora le intinn mná le géireacht.

An fusa réiteach le fear ná le bean?

Is fusa cothrom a bhaint don bhfear. Is déirciúla an fear. Gheofa an fear le comhairleacht, ach ní bhfaighfeá an bhean. Is faidshaolaí an fear, agus is fírinne an fear.

Ciacu is fearr chun amhrán?

N'fheadar ciacu is fearr, ach tá an bhean go maith. Níl aon teora, a deir siad, le bean sí. Bhí feirmeoir fadó ann, agus bhí triúr iníon aige. Bhíodar nótlátha chun amhrán. Bhí a thig ar thaobh an bhóthair, agus lá bhí sé féin agus a bhean sa Daingean. Lá Sathairn is dócha. Bhíodh mórán daoine. Shéid na triúr cailíní amhrán suas. An chéad chairt a ghaibh an bóthar, stadadar ag an dtig. Bhí cairt ar chairt ag stad i ndeabhaidh a chéile. Nuair a tháinig an feirmeoir i radharc an tí, chonaic sé na cairteacha¹ go léir stadaithe. Bhí sé a d'iarraidh gluaiseacht chun cinn. Dúirt sé go raibh diabhal éigint déanta ag an dtig, ach ní bhfuair sé aon chuntas 'dtí go dtáinig sé 'dtí an dtig. Chuir sé an leabhar ar an iníon chríonna gan aon amhrán a rá ar feadh a shaoil aríst as chomhair éinne.

Tamall ina dhia' san, bhí pósadh insa tig. Mac do ag pósadh. Istigh a póstaí an uair sin iad. Ach nuair a bhí an pósa déanta, d'fhiarthaigh an sagart an raibh aon amhránaithe maithe anso. Dúrtas leo go bhfuil² na cailíní go hana-mhaith chun amhrán. Do shéid an bheirt chailíní suas an t-amhrán.

Bhí an bhean chríonna sa tseomra. Mhol sé go hiontach iad. Ach dúirt duine éigint leis, dá

¹ l.s. 'curtacha'

² 'raibh' a bhí i gceist aige, dar le nóta ó SÓD.

gcloisfeadh sé an bhean chríonna, ná héisteadh sé in aon chor leo. Dúirt sé léithi an t-amhrán a rá.

“Níl aon dul aici sin ar aon amhrán a rá faid is mairfidh sí,” arsa an t-athair, “tá an leabhar curtha agamsa uirthi.”

Ach fuair sí cead dul á rá sa tseomra, áit ná raibh éinne ag féachaint uirthi, agus shéid sí an t-amhrán suas. Nuair a bhí an t-amhrán ráite aici, dúirt an sagart an doras a dh’oscailt í a scaoileadh anuas. Níor chuala éinne riamh an máistir. Dúirt sé go leighisfeadh sé féin an leabhar a bhí curtha uirthi, agus cead a thabhairt di a bheith ag amhrán léi.

An choimhlint reiligiúnach

185. *Seanchas ar an gcreideamh*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 333-335

Bhí Seán Móinbhiol a bhí i gCnoc an Bhróigín, bhí sé i gcomhairí a bhí i gCathair Deargáin lá. Duine bocht símplí ab ea é. Bhíodar ag caint ar an mbás.

“Ní ganntar d'éinne aon leisce a bheith air roimis an mbás,” arsa é sin, “mar cloisim go bhfuil breis mhór scaoilte leis na flathais.”

D'fhiarthaigh Máistir Footcroft a bhí ar an mbaile seo fadó, aimsir na súpanna, do m'athair lá:

“Cail na flathais?” arsa é sin.

“Tá na flathais móorthimpeall orainn” arsa m'athair.

“You are the best man I met yet,” arsa é sin.

Muiris Ó Briain a bhí ar an mbaile seo. Bhí sé ar an gcreideamh eile, ach ní raibh sé ródhílis dóibh. Bhí a mhac as baile, agus bhí sé sin iompaithe ina Chaitliocaí. Cailleadh an mac, is tháinig tuairisc a bháis. Do labhair duine éigin leis an sagart é a chuir fé ghuí an phobail. Ach nuair a bhí m'athair ag teacht ón aifreann, bhí sé roimis Muiris Ó Briain.

“An dtairrig an sagart anuas ainm mo mhic inniubh?” arsa é sin.

“Níor dhein,” arsa m'athair, “ach dúirt sé gur cailleadh ógánach ón bparóiste agus guíochtaint do.”

“Mo ghraidhin croí an duine uasal,” arsa é sin, “is deas a thug sé amach é. Má bhéarfadh aon chabhair ormsa,” arsa é sin, “ní fada a bheinn ina dteannta leis. Dá gcloisfidís go raibh mo mhac fé ghuí an phobail, is dócha go rabhas caite amach.”

Bhíodar oíche i dteannta a chéile. Peaidí Connor agus Davis, máistir scoile bhí anso, m'athair agus Muiris Ó Briain. Ní raibh ach amháin m'athair ina Chaitliocaí ina measc. Dúradar san ná raibh ann

ach an dá áit, iofrann agus flathais Dé. Dúirt m'athair leo go raibh, go raibh prugadóireacht ann, agus cad mar gheall ar liombó, agus cad mar gheall ar aingil na bhflathas, agus Parthas na Naomh.

“Nach sin cheithre áit,” arsa é sin.

“Maith an buachaill Seán,” arsa Muiris Ó Briain.

Dhírigh an bheirt ar Mhuiris. Thugadar íde ghráiniúil air. Lá arna mháireach, do bhuail sé le m'athair.

“Is maith a thugais dóibh féin aréir é,” arsa é sin, “ach raghainnse níos déine orthu mara mbeadh go bhfuil mo lámh i mbéal an mhadra.”

186. Biblereaders

[?].5.45

CBÉ, 968: 538-542

Bhí *coastguard* i mBaile na nGall anso thíos aimsir na m*Biblereaders*, agus do bhuail sé lem athair lá Domhnaigh. Bhí aithne mhaith acu ar a chéile.

“Is ea a Sheáin,” arsa é sin, “cad é an soiscéal a bhí inniubh agaibhse?”

“Is é an soiscéal is mó a bhí againn,” arsa m'athair, “gan aon lámh a bheith sa tsaoire.”

“An rud céanna a bhí againne,” arsa an *coastguard*.

Tháinig m'athair abhaile, agus d'ith sé bia, agus bhíodh cóchalán ar dhuí Ghallrois, agus bhuail sé síos. Nuair a bhí sé ag gabháil síos, chonaic sé an tAthair Eachthigheirn, agus an *coadjutor* ag éirí amach as an dtig ar an Imleach, agus ag bualadh an gort síos. Bhí bearna i mbun an ghoint, agus do chrom an tAthair Eachthigheirn síos, agus do thosnaigh sé ag tógaint na bearnan. Bhí an *coadjutor* ag féachaint air, agus a dhá láimh ina phóca. Chuaigh m'athair 'dtí an gcóchalán, agus is é Ward, an *coastguard*, an chéad duine a bhuail leis.

“Is ea, a Sheáin,” ar seisean, “an bhfuil aon scéal nódh ó shin agat?”

“Níl,” arsa m'athair.

“Tá scéal nódh agamsa,” ar seisean, “téanam.”

Thug sé leis é in airde sa phort a bhí ann. Bhí an ministir thiar ar an Muirígh, agus uisce á chuir ar na torthaí a bhí sa ghairdín aige.

“Féach thoir an diabhal,” arsa é sin, “a bhí ag caint inniubh, agus ag rá nár c[h]eart aon lámh a bheith sa tsaoire.”

“Ní héinní é sin,” arsa m'athair, “féach suas an sagart, agus bearna á thógaint aige.”

“Tá dealramh lena ghnó san,” arsa Ward, “tá curadóireacht ansan age daoine bochta, agus cad a dhéanfaidís dá raghadh na ba isteach ar an gcuradóireacht, ach dhéanfaidh an lá amáireach an gnó dhon bhfear thoir. Is fada aríst go dtabharfadsa aon tor ar an bhfear thoir.”

Níor chuaigh sé 'dtí an ministir as san amach.

Tháinig dhá *Bhíblereader* thiar go Ceann Trá an aimsir a bhí na súpanna i *style*, agus bhíodar i gcruachás ceal aon bhainne. Bhíodar ag cuir tuairisc cá bhfaighidís aon ghabhar le ceannach. Ach dúirt duine éigin leo nárbh eolach do aon duine a dhíolfadh aon ghabhar leo mara ndíolfadh Criomhthain a bhí ar an gCill. Ach do tháinig duine acu aniar. Sheasaimh sé ansan thíos ag an gclaí. Ní raghadh sé isteach in aon chor le heagla. Dúirt duine éigin do mhuintir an tí le m'athair críonna go raibh duine éigin amuigh. Chuaigh m'athair críonna amach chuige. Bhíodar tamall ag caint.

“A leithéid seo a sheol an bóthar mé,” arsa é sin, “féachaint an ndíolfá gabhar.”

“Díolfaidh mé” arsa m'athair críonna leis. Tá dhá ghabhar ann,” arsa é sin, “agus tá ana-dhealramh orthu. Cuirfidh mé fios orthu dhuit, agus féadfaidh tú do rogha acu a thógaint.”

“An bhféadfá an dá cheann acu a dhíol?” arsa é sin, “mar tá driotháir céile dhom in aonacht liom, agus teastóidh ceann eile bhuaidh.”

Chuaigh m'athair ag triall ar na gabhair, agus nuair a bhí sé ag gabháil anuas leis na gabhair, bhí gabhar glas ann, agus gabhar breac. Nuair a bhí sé ag déanamh anuas orthu.

“Mhuise, a ghabhair ghlais,” arsa an *Bíblereader*, “dá mbeadh caint agat, do labharfá, agus do neosfá dhom ciacu is fearr tú féin ná an gabhar breac, mar is bhuam is mó a theastaíonn gabhar mar tá an muirear orm.”

“A gabhair ghlais, má dh'fhéadann tú, labhair,” arsa m'athair, “agus abair gur tú féin is fearr.”

Ach do rug sé leis an dá cheann, agus isteach sa mbliain a bhí chughainn, do bhí cúpla age ceann acu, agus trí cinn do mhionnáin age ceann eile. Chuireadar na mionnáin anso aniar, agus d'imigh ceann dos na mionnáin. Ní raibh aon fháilt marbh ná beo air. Ní raibh aon phaiste plandaí i gCathair Scoilbín ná go rabhthas ag ithe, agus ní raibh éinne ag breith ar aon éiníní ann. Théadh an mionnán istoíche ag obair, agus théadh ar an gcnoc roim lá, agus théadh i bpoll, agus dh'fhanadh ann go dtagadh an oíche. Ag déanamh isteach ar B[h]ealtaine is ea a fuarthas an mionnán, is é lán d'fheoil¹.

¹ Tá tagairt don eachtra seo in §414 | CBÉ, 1070: 153-184 leis.

187. *Cailín Caitliocaí i dtig Sasanaigh*

11.3.45

CBÉ, 968: 157-158

Bhí cailín aimsire in aimsir i dtig Sasanaigh fadó, agus Dé hAoine, bhíodh feoil acu. Ní dh'itheadh sí an fheoil. Bhí gearrchaile beag ag an Sasanach, agus do chrom sí ar a bheith ag déanamh aithrise ar an gcailín aimsire. Ní bhlaiseadh sí aon fheoil Dé hAoine. Bhíodh a muintir ag gabháilt di. Níorbh aon chabhair dóibh é. Ach i gcionn áirithe aimsire, do bhuail sí breoite, agus do cailleadh í, agus nuair a bhí sí socair suas caillthe, d'éirigh sí aniar. Tháinig uafás orthu.

“Ná tagadh aon eagla oraibh ná iontas,” arsa í sin, “do fuaireas-sa cead teacht. Agamsa athá an t-aoibhneas, agus beidh aoibhneas agam, ach moladh lé Muire,” arsa í sin, “nár dh'itheas an fheoil Dé hAoine.”

Shín siar aríst, agus an tseachtain a bhí chughainn, do dh'iompaigh a muintir ar fad.

188. *Cailín Caitliocaí pósta ag mac Sasanaigh*¹ XII

10.12.44

CBÉ, 966: 540-543

Bhí lánú Sasanaigh fadó ann. Ní raibh acu ach aon mhac amháin. Bhí cailín aimsire acu. Caitliocaí ab ea í. Thit mac an tSasanaigh i ngrá léi. D'iarr sé ar a athair agus ar a mháthair an bpósfadh sé í. Ní thabharfaidís aon toilíocht do. Bhuaile sé breoite. Thóg sé a leabaidh. Bhí sé ag dul chun deiridh.

“Is ea,” arsa a bhean leis an Sasanach, “b’fhearra dhuit cead pósta a thabhairt do. Má chailltear é, ní bheidh éinne againn.”

Do thoiligh sé léi sa deireadh, agus do pósadh iad. Bhí beirt leanbh acu. Do bhí an bhean óg, do bhí sí ag dul go dtí an tAifreann lá Domhnaigh, agus do tháinig teachtaire suas léi go raibh an leanbh críonna ag fáil bháis. Níor chas sí in aon chor.

“Má tá,” arsa í sin, “is é atá á bhreith leis mar is é a thug dom é,”

Sara raibh sí ag an sáipéal, do tháinig an tarna teachtaire suas léi go raibh an tarna leanbh ag fáil bháis.

“Má tá,” arsa í sin, “is é a thug dom é, agus is é Dia atá á bhreith bhuam.”

Do chuaigh sí chun cinn. Do thug sí aire dhon aifreann. Nuair a tháinig sí abhaile, bhí an bheirt leanbh caillthe roimpi. Ní labharfadh éinne léi, ach dúirt an fear léi gur deas an obair a bhí déanta aici nár dh’fhill nuair a fuair sí scéala.

“Ní raibh aon tógaint agam lé déanamh orthu,” arsa í sin, “ach is breá an dá aingeal iad.”

Ní raghadh éinne ’on tseomra ach í féin, agus bhí sí ag paidreoireacht sa tseomra. Níorbh fhada gur labhair an guth as a chionn, agus dúirt an guth léi braon a chuir ar na leanaí.

“Ní haon chabhair é,” arsa í sin, d’fhreagair sí an guth, “mar tá siad caillthe.”

“Tástáil,” arsa an guth.

Thástáil, agus do rug an leanbh an braon leis, agus do chroch sé é féin, agus do dhein sé gáire.

¹ Tá leagan den scéal seo a bhí tras-scríofa ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 621: 47-52. Dhein Caoimhín Ó Danachair taifeadadh fuaime den scéal seo chomh maith agus é sin le clos ar rian uimhir a dó dhéag den dlúthdhiosca.

“Cuir braon ar an leanbh eile anois,” arsa an guth.

Do dhein, agus do chroith sé é fhéin, agus do dhein sé gáire, agus chuir sí braon eile orthu, agus níorbh fhada go rabhadar ag gíbris chainte. Chualaigh an mhuintir a bhí sa chistin iad, agus tháinig dhá shúil dóibh. Do chuadar ’on tseomra, agus bhí uafás ina gcroí beirt leanbh a bhí caillthe, iad tógtha. Bhí an t-uisce coisreacan ansan aici á chrothadh timpeall.

“B’fhearra dhuit braon do so a thógaint,” arsa í sin lé máthair a chéile.

“B’fhearr liom an diabhal a dh’fheiscint,” arsa í sin, “ná é.”

“B’fhéi’ go gcífeá é sin leis,” arsa an bhean óg.

D’fhan mar sin nó gur chuaigh an bhean chríonna ag cóiriú leapa. Bhí an seana-bhuachaill sa leabaidh roimpi. Do scread sí is do liúigh sí. Do tháinig sí ’on tseomra go dtí an mbean óg.

“Tá a leithéid seo sa leabaidh,” arsa í sin.

“Ná dúrt leat,” arsa í sin, “ [go] mb’fhéi’ go gcífeá é?”

“An bhféadfá é a chuir as?” arsa í sin

“Ní fhéadfainn é,” arsa an bhean óg, “ach má tá aon mhuinín agatsa as an ministir, féadfair é a thriall, ach deinimse amach ná féadfaidh éinne é a chuir as ach na sagairt.”

Chuir sí fios ar an ministir. Tháinig an ministir. Nuair a chuaigh an ministir ag léamh, sin é nuair a bhí ag éirí ar a chuid sranntarnach. Chaith an ministir tabhairt suas. Is ea a thoiligh sí leis an sagart a theacht. Tháinig. Niseadh an scéal do.

“Ní fhéadfaidh tú é sin a chuir as san,” arsa an sagart, “mara n-iompóidh gach aon duine dá bhfuil sa tig.”

Chaitheadar ar an nglúine iad fhéin go tapaidh, agus do bhaist sé lán an triúir acu. Chuaigh sé ’on tseomra. Ní fada a bhí sé ag léamh nuair a d’imigh an seana-bhuachaill ina splancacha amach tríd an dtig. Do mhaireadar go síoch grách ina gCaitlicthe breátha an chuid eile dá saol.

189. *Mac Sasanaigh ina shagart*

15.8.45

CBÉ, 977: 332-333

Is mór an *power* a bhíonn age sagart. Bhí Sasanach dubh dubh fadó ann, is d'imigh mac leis, is bhí sé imithe ar feadh i bhfad Éireann. Do dh'iompaigh sé, is chuaigh sé isteach 'on choláiste. Tháinig sé amach ina shagart, ach nuair a bhí sé ag teacht abhaile, scrígh sé chúthu, is dúirt sé go raibh sé ag teacht chúthu a leithéid sin do lá. Bhí a athair ag imeacht as a mheabhair. Is é an áit a shocraigh sé é féin amuigh, agus gunna age chun é a lamhach. Ach do ghaibh an mac thairis, agus ní fheaca sé é. Ach do chuaigh scéala go dtí an t-athair go raibh sé tagaithe isteach. Bhí an mháthair ag cuir cosc gan aon chuntas a thabhairt don athair nú go mbaileodh sé leis.

“Scaoilídh isteach é,” arsa é sin.

“Má thagann sé isteach,” arsa an mháthair, “lamhachfaidh sé thú.”

“Ní fhéad sé mé a lamhach amuigh,” arsa é sin, “is ní lú a dhéanfaidh ná istigh.”

Chuaigh an teachtaire go dtí an t-athair, is dúirt sé leis go raibh sé istigh. Tháinig crith chos is lámh ar an athair nuair a niseadh an scéal do. Chaith sé bhuaidh an gunna, is do tháinig sé isteach. I gcionn dhá lae, bhíodar ar fad iompaithe aige, ag an sagart.

Scéalta cráifeacha

190. *An moladh a dhein Sola*¹

[?].11.44

CBÉ, 966: 44-46

Bhí bean acu sa chúinne sin, mná siúil ab ea iad, agus bean acu sa chúinne seo, agus bhí leanbh ages na héinne don mbeirt. Timpeall lé comhaos² ab ea an dá leanbh. Nuair a dhúisigh bean acu ar maidin, bhí an leanbh caillthe in aice léi. Chuir sí an leanbh marbh sall go dtí an mbean eile, agus thug sí an leanbh a bhí ina bheathaidh léi. Nuair a dhúisigh an bhean eile, scread sí go raibh an leanbh caillthe. D'éirigh an bhean eile ansan is a leanbh. Fé chionn tamaill, dúirt sí gurbh é a leanbh féin a bhí aici sin. Bhí beirt acu ag áiteamh ar a chéile. D'éirigh muintir an tí, is ní fhéadfaidís an cúrsa a shocrú eatarthu. Ach tháinig Sola, agus dúirt sé go socródh sé féin an scéal eatarthu, má d'fhágfaidís fé é. Dúradar go bhfágfaidís.

“Déanfaidh mé dhá leath anois don leanbh atá ina bheathaidh,” arsa é sin, “is tabharfaidh mé a leath don nduine agaibh.”

Bhí an bhean a ghoid an leanbh sásta. Scread an bhean eile.

“I gcuntais Dé,” ar sise, “ná dein, fág aici ar fad í.”

Rug sí ar an leanbh, is thug sé dhi sin é.

Nách olc é an t-éad?³

¹ c.f. ATU 926 a aithníonn MI J1171.1 a bheith in insintí eile den chineál céanna. Ní luaitear leagan a bheith in Éirinn sa bhfoinse sin áfach.

² l.s. ‘cú-bh’aos’

³ Is é an leagan seo den eachtra céanna atá le fáil in *An Biobla Naofa*, 1 Ríthe 3:

Ansin tháinig beirt mheirdreach go dtí an rí agus sheasadar ina láthair. Dúirt duine de na mná:

“A thiarna liom, táimse agus an bhean seo ag cur fúinn san aon teach amháin; rugadh mac domsa agus ise sa teach. Ansin tharla, ar an tríú lá tar éis breith mo linbh dom, gur rug an bhean seo mac chomh maith; agus bhíomar linn féin, gan aon duine eile farainn sa teach ach lán na beirte againn amháin sa teach. Ansin, aon oíche amháin, fuair mac na mná seo bás mar gur luigh sí air. Agus d'éirigh sí meán oíche, agus thóg mo mhacsa ó mo chliathán agus d'ionailt ina codladh, agus chuir chuici ina hucht é agus chuir a mac marbh chugamsa i m'uchtsa. Nuair a d'éirigh mé ar maidin chun an chioch a thabhairt do mo leanbh, b'shin é ansiúd marbh é. Ach d'fhéach mé air go cáiréiseach ar maidin, agus níorbh é an mac a rugadh dom ar aon chor é.”

Ach labhair an bhean eile:

“Éitheach,” ar sise, “liomsa an leanbh beo, leatsa an marbh.”

“Ní mar sin atá,” arsa an chéad bhean, “leatsa an marbh, liomsa an leanbh beo.”

Sin mar a bhíodar ag aighneas i bhfianaise an rí. Ansin labhair an rí, agus dúirt:

“Deir bean acu: ‘an leanbh beo mo mhacsa – tá do mhacsa marbh,’ agus deir an bhean eile: ‘éitheach! Do mhacsa an marbh; liomsa an leanbh beo.’ Tabhair chugam claiómh,” arsa an rí agus tugadh claiómh i láthair an rí. “Roinnigí an leanbh beo ina dhá chuid,” arsa an rí, “agus tugaigí a leath do bhean acu agus a leath don bhean eile.”

Ansin, an bhean ar léi an leanbh beo, labhair sí leis an rí mar bhí a croí á shnoí inti le trua dá mac:

Rí Dáth ab ea athair Sola. Bhí trí fichid bean aige, agus nuair cailltaí bean, chaitheadh sé bean eile a dh'fháilt. Cailleadh bean acu ach go háirithe, agus chuir sé crann ar iníon baintrí. Bhí an bhaintreach bhocht, bhí sí ag lógóireacht. Chualaigh Sola é, agus chuaigh se féna déin, is d'fhiarthaigh sé dhi cad a bhí uirthi. Nis sí dho.

“Ná bac san,” arsa e sin, “b’fhéi’ go socróimist an scéal.”

Nuair a tháinig sé abhaile an oíche sin, d'fhiarthaigh an t-athair do an raibh aon scéal nódh aige tréis an lae.

“Tá scéal ana-ghreannmhar agam,” arsa é sin, “fear go bhfuil trí fichid caíora aige,” arsa é sin, “agus tá baintreach bhocht san áit,” arsa é sin, “agus teastaíonn bhuaidh aon chaíora amháin atá aici a bhaint di. Cad a mholfá don nduine sin?” arsa Sola.

“Is é an rud a mholfainnse don nduine sin,” arsa athair Sola, “é a chuir beo i dtalamh.”

“Bí ullamh ar maidin amáireach mar sin,” arsa Sola.

Ach ar maidin, dhein sé poll sa talamh, Sola.

“Is ea,” arsa e sin, “féadfair síneadh thíos ansan anois,” arsa é sin, “ach ní mhúchfaidh mé in aon chor tú, d’fhonn is an dlí a chomhlíonadh, go mbeir suas lé t’fhocal.”

Shín sé thíos. Chaith sé gráinne cré anuas air.

“Is ea, féadfair éirí anois arís,” arsa é sin.

D’éirigh sé aríst, is bhí deireadh leis na hoibreacha an chuid eile dhá shaol.

“Tabhair di an leanbh beo, le do thoil, a thiarna,” ar sí, “agus ná déan é a mharú ar aon chor.”

Ach dúirt an bhean eile:

“Ná bíodh sé agamsa ná agatsa, ach roinn é.”

Ansin thug an rí a bhreith:

“Tabhair an leanbh beo don chéad bhean,” ar sé, “agus ná maraigh é ar aon chor; ise a mháthair.” (1 Ríthe 3, *An Bíobla Naofa*, 1981: 300-301).

191. *An bhfuil aon tseans ag aingil an uabhair ar dhul sa flathais?*¹

4.3.45

CBÉ, 968: 80-82

Bhí fear ann fadó, agus ní raibh aon ghléas tine aige ach ag baint chraoibhe. Níl aon lá ná téadh sé 'on choill. Do bhí sé cráite aici. Ach aon lá amháin, do ghaibh aingil an uabhair chuige.

“Gach aon lá a thiocfaidh tú anso anois,” arsa iad san, “beidh do dhóthain broснаigh bainte romhat má dheineann tú an méid cúraim a chuirfimidne ort.”

“Dé Domhnaigh,” arsa é sin, “téir go dtí an tAifreann, agus nuair a thógfaidh an sagart in airde an corp naofa, fiarthaigh do an bhfuil aon tseans ag Aingil an Uabhair ar dhul sa flathais aríst. Caithfidh sé an fhirinne a dh'insint an uair sin.”

Dúirt sé go ndéanfadh. Tháinig sé abhaile, agus Dé Domhnaigh do chuaigh sé go dtí an tAifreann, agus nuair a thóg sé, an sagart, in airde an corp naofa, d'fhiarthaigh sé dho raibh aon tseans ag Aingil an Uabhair ar dhul sa flathais aríst. Ní bhfuair sé aon tor nó go raibh sé ullamh.

“Cad é an t-amadán a dúirt an chaint úd?” arsa an sagart.

Dúirt sé gurb é fhéin.

“Mo thrua thú,” arsa é sin, “tair chugham,” arsa é sin, “tréis an Aifrinn.”

Tréis an Aifrinn, do tháinig sé chuige.

“Cé a chuir an cúram úd ort?” arsa é sin.

Do nis sé dho.

“Téir insa áit sin anois,” arsa é sin, “amáireach, agus dein poll sa phaiste sin, agus téire síos ann. Níl aon dul as san ar dhul isteach go deo aríst”

D'imigh an t-amadán bocht. Mara mbeadh é a bheith simplí, ní dhéanfadh sé rud orthu, agus do dhein sé poll. Do chuaigh sé síos ann. Ní raibh sé ach amháin thíos nuair a tháinig an gála gaoithe. Do ghaibh an gála gaoithe tríd an gcoill, is níor fhág sé crann sa choill gan libhéalú². Dá mbeadh sé

¹ Tá seanchas ar aingil an uabhair ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 1115: 53-55, agus tá tagairt eile ag an Dálach don fheiniméan céanna in §66 | CBÉ, 1178: 479.

² I.s. 'libhéalú', .i., fo-líne faoin 'ú'.

ar barra, ní cífi go deo aríst é. Dúirt an sagart leis an ramhann, agus an tsluasad a bheadh aige a chuir i bhfeirm croise, agus do dhein sé é. Is dócha gurb shin é a shábháil é.

192. *Cailín déirciúil ag goideadh an bhídh*

18.2.45

CBÉ, 967: 525-526

Do bhí feirmeoir fadó ann, agus do bhí gearrchaile aige. Tá sé ana-dhealratrach gurb í Naomh Bríd í, mar do bhí sí ana-dhéirciúil. Do goideadh sí bia, agus gach aon rud a dh'fhéadfadh sí go dtís na rudaí bochta a bhíodh i ngátar, mar do ghearán a máthair í leis an athair. Níor chuir an t-athair aon nath ann. Bhí an mháthair cráite aici ó bheith ag cuir bídh, agus gach aon rud go dtís na rudaí bochta. Ach do bhí sí á ghearán leis an athair.

“Dhera, níl,” arsa an t-athair, “níl sé á bhreith léi in aon chor.”

Ach aon lá amháin.

“Is ea,” arsa an mháthair, “tá sí imithe anois, agus ualach aici.”

D'imigh an t-athair, agus ghaibh sé an cóngar. Do bhí sé roimpi. Bhí an *bib* lán suas aici.

“Cad ’tá id *bhib* agat?” arsa é sin léi.

“Dhera, bláthanna athá agam dos na rudaí beaga,” arsa í sin.

“Teasáin iad,” arsa é sin.

D'oscail sé an *bib*, is ní raibh éinní le feiscint aige ach bláthanna. Nár mhór an mhíorúilt é sin, agus ní hiad san a bhí ag fágaint an tí aici. Pé acu bláthanna a deineadh dóibh, nó a cuireadh ar a shúile sin é a bheith ina mbláthanna, thaibhsíodar do ach ach go háirithe. Do tháinig sé abhaile. Dúirt sé léna mhnaoi gan í sin a ghearán go deo aríst. Is dealratrach go raibh sí naofa. Deárthaíonn an scéal gurb í Naomh Bríd í.

193. Conas a tháinig Naomh Agústín chun creidimh

31.12.44

CBÉ, 967: 66-68

Bhí Naomh Agústín, ana-thíoránach ab ea é. Ní raibh aon ghéilleadh dho Dhia, ná dho dhuine aige. Bhí sé ag gabháil trí thráigh lá, agus do bhuail garsún leis, agus cupán aige, agus é ag caitheamh an tsáile thairis.

“Cad ’tánn tú ag déanamh a gharsúin?” arsa é sin.

“Táim chun an cuan a thiormú,” arsa é sin.

“Tá scéal fuar agat,” arsa Naomh Agústín.

“Tá súil agam go mbeidh sé déanta uair éigint agam,” arsa an garsún, “ach má leanann tusa dos na féanna atá fút, níl aon dul go sroichfidh tú ríocht na bhflaitheas go deo.”

Don iarracht san, do dh'iompaigh Naomh Agústín. Do dhein ana-naomh do. Ba mhaith é an garsún.

194. Ó Adam

18.3.45

CBÉ, 968: 203-204

Bhí fear ag briseadh crann i gcoill lá, agus níl aon bhuille a thairrigíodh sé leis an dtuaidh ná go ndeireadh sé “Ó Adam.” Ghaibh duine uasal tríd an gcoill, agus chuala sé é. Do dhein sé féna dhéin.

“Canathaobh go bhfuileann tú mar sin?” arsa an duine uasal leis.

“Ó,” arsa é sin, “mara mbeadh Ádam, níor ghá dhúinn a bheith ag obair in aon chor, bheadh ár mbeatha ag teacht ó neamh chughainn.”

“Tá an ceart agat,” arsa an duine uasal, “caith bhuaite an tua,” arsa é sin, “téanam in aonacht liomsa. Tabharfadsa do bheatha díomhain go deo dhuit.”

Do thug sé leis, agus do thug sé a dhinnéar do. Rug sé isteach i ngairdín é.

“Ní b[h]eidh aon chúram ort anois,” arsa é sin, “ach a bheith ag siúl timpeall an ghairdín sin, aon chúram. Beidh do chuid bídh díomhain go deo agat. Ach an gcíonn tú an bosca úd thall?” arsa é sin, “ná hoscail é sin.”

Bhí sé ag máirseáil timpeall. Lá arna mháireach, d’imigh an duine uasal i dtaobh éigint, ach bhí so ag máirseáil, is trína chuid teaspaigh, bhí neamhfhoighne air go mbeadh a fhios aige cad a bhí sa bhosca. Thug sé fén mbosca a d’oscail[t]. Luch a bhí istigh ann, is léim sí amach as. Nuair a tháinig an duine uasal tráthnóna.

“Is ea,” arsa é sin, “an bhfuil do ghnó déanta go maith agat?”

“Ó tá,” arsa é sin.

Chuaigh an duine uasal go dtí an bosca, agus do thóg sé an *cover* do. Bhí an luch imithe.

“Is ea,” arsa é sin, “bhí *copy* agatsa ó Adam. Ní raibh aon *chopy* age Adam ó éinne. Is measa tusa ná Adam. Téir ’on choill aríst,” arsa é sin, “is tá an choill rómhaith dhuit.”

195. *Samson*

8.4.45

CBÉ, 968: 389-390

Chuala mar gheall ar Shamson a bhí fadó ann. Ardghaiscíoch fir ab ea é, ach do bhí a bhean, theastaigh bhuaithi cuntas a dh'fháilt cá raibh an neart agus an obair go léir ann. Is mairg a thabharfadh rún dá mhnaoi¹. Dúirt sé léi gur ina chuid gruaige. Do héalaíodh air nuair a bhí sé ina chodladh, agus do berradh a cheann, agus nuair a dhúisigh sé, bhí sé ina dhall. Bhí sé go cráite, ach d'ordaigh sé ansan é a bhreith isteach ón tsáipéal, nách fada a mhairfeadh sé, gur mhaith leis a bheith istigh sa tsáipéal nuair a chaillfaí é. Bhí mórán daoine bailithe, iad lán d'áthas an íde a bhí tugtha air. Do rugadh isteach 'on tsáipéal é. Bhí pulaí fén sáipéal.

“Cuirídh láimh liom anois ar gach aon phula, agus coinneoidh mé greim ar an dá phulaí nó go gcaillfear mé.”

Bhí an sáipéal lán. Ach nuair a bhraith sé go raibh an sáipéal lán, do thairrig sé an dá phulaí chun a chéile. Do leag sé an sáipéal anuas orthu. Maraíodh iad.

“An léabhair ar Shamson groí,
a mhairbh na mílte Filistín.
Thug sé a rún dá mhnaoi,
is is ainnis an chrích a dh'imigh air.”

¹ Is é an chomhairle seo ar chuma an tseanfhocail is ábhar don mhír atá le fáil in §478 | CBÉ, 966: 442-447.

196. *An Slánaitheoir agus an cuirliún agus scéalta eile*

12.11.44

CBÉ, 966: 149-151

An gcualaís an bhfuair éinne riamh nead cuirliúin? Chualas-sa ná fuair. Nuair a bhí an Slánaitheoir ar teitheadh óna namhaid, ghaibh sé trí thráigh, agus ghaibh an cuirliún ina dhiaidh, agus scríob sé rian a chos. Lean sí é an tráigh ar fad, agus níor fhág sí rian [a] chos in aon áit. Thug sé an bua san di ansan gan éinne d’fháil a nead¹.

An daradaol agus an Slánaitheoir

Nuair a bhí an coirce á bhaint i ngort, do ghaibh namhaid an tSlánaitheora an treo.

“An bhfeacúir a leithéid seo ag gabháilt an bóthar?” arsa iad san leis an meithil.

“Ghaibh sé an treo an lá a bhíomar ag cur an choirce seo,” arsa iad san.

“Inné é sin,” arsa an daradaol.

B’fhíor do é mar inné roimis sin a ghaibh an Slánaitheoir an treo, agus bhí an coirce á chur, ach do bhí sé aibidh, agus é á bhaint lá arna mháireach. Scéigh an daradaol air². Bheadh an oiread san peacaí maite duit dá marófá daradaol³ ar chroí do dhearnan. Dá ndéanfaí cheithre leath dho, tá gach aon leath acu ina bheathaidh.

Bean na Muirí agus an t-eagla

Bhíodar ag cuir síos ar eaglaí, agus bhí seana-bhean ón Muirígh ann.

¹ Is é an míniú céanna a thug Pádraig Ó hÉalaí ar an gcúis “nach féidir nead an chuirliúin a aimsiú”, .i., gur chabhraigh sé “leis an Slánaitheoir agus é ar teitheadh.” Ba é leagan seo Sheáin Mhic Criomhthain a thug Pádraig Ó hÉalaí ar shampla Ciarraíoch den mhír seo, tagairt aige do leagan Ciarraíoch eile in OÉG 5: 96, tagairt leis aige do leagan na Gaillimhe in OÉG 5: 149, do leagan an Chláir in *Béaloides* 13, leathanach 263, agus do leagan Dhún na nGall in Ó hEochaidh, 1969-1970. ATU 750E a d’aithin Ó hÉalaí a bheith ann, agus móitífeanna A2221.5, A2287, Q46.1, agus A2221.2.4 luaite aige leis an mír seo (Ó hÉalaí, 2012: 146).

² c.f. 1.92 agus 1.95.4. (a) in Ó hÉalaí, 2012: 167-174. Luaitear an mhír seo ón gCriomhthanach i dteannta scata mór leaganacha eile den mhír chéanna ó gach áit sa tír. Maidir le leaganacha den mhír seo go hidirnáisiúnta, is é “ATU 750E (1) (7); cf. ATU 106” a mhol sé, agus móitífeanna A2221.5; A2231.7.1.1.; D2157.2 (Cross); F971.7 (Cross)” á lua leis aige.

³ c.f. 1.95.4. (b) in Ó hÉalaí, 2012: 174.

“Dhera, éistídh,” arsa í sin, “mise a chonaic an scanradh, fear a ghaibh isteach chugham, agus gan aon luid don gceann air, agus sceon buile ina dhá shúil.”

Béarfar oraibh, béarfar oraibh

Nuair a théann géanna isteach i ngort coirce, is minic a bhíonn gé bhacach ina measc, agus bíonn sí sin amuigh i ndiaidh na coda eile. Bíonn sí amuigh, agus na haon scread aici.

“Béarfar oraibh, béarfar oraibh, béarfar oraibh,” aici.

Ach faigheann sí poll éigin, agus téann sí isteach, agus is é rud a deir sí “coirce anso – so – so – so – so – so”

Ciacu iontas ba mhó?

197. *An sparán a dh'fhág an Slánaitheoir ina dhiaidh*

8.4.45

CBÉ, 968: 379-382

Nuair a bhí an mhaighdean Mhuire, agus ár Slánaitheoir, míle baochas leo, ar an dtalamh so, bhíodar ag siúl rompu. Do ghaibheadar isteach tráthnóna go dtí tig feirmeora, agus d'iarradar a bheith istigh. Má dh'iarradar, ní bhfuairadar. Chuadar go dtí tig bocht a bhí in aice leis, agus do bhí bean ansan istigh rompu. Baintreach ab ea í. D'iarradar uirthi an bhfaighidís a bheith istigh. Dúirt sí go bhfaighidís agus míle fáilthe, ach go raibh sí ana-chráite ná raibh aon tsop aici le cur fúthu.

“An bhfuil aon chorrán agat,” arsa ár Slánaitheoir léi.

“Tá,” arsa í sin.

Fuair sé an corrán, agus téadán. Dúirt sé go raghadh sé ag baint beart luachra. D'imigh sé. Ní raibh sé i bhfad ón dtig nuair a bhí mac críonna na baintrí ina choinnibh. D'fhiarthaigh sé dho cá raibh sé ag dul. Dúirt sé leis go raibh sé ag dul ag baint beart luachra a dhéanfadh leaba fúthu fhéin.

“Téir isteach,” arsa mac na baintrí, “raghadsa á bhaint.”

D'imigh sé, agus do thug sé leis an beart luachra. Ní gheobhadh éinne fuacht as luachair. Deineadh an leabaidh sa chúinne chúthu, agus maidean lá arna mháireach, maidean Dhomhnaigh ab ea í, nuair a dh'imíodar, chuaigh sé ag réiteach na leapa, agus do fuair sé sparán mór airgid ann. Theasáin sé dhá mháthair é.

“Seo leat,” arsa a mháthair, “ina ndiaidh, féach an dtiocfá suas leo.”

Do dh'imigh, ach níor tháinig sé suas leo.

“B'fhéidir,” arsa é sin, “go gcífa ag an sáipéal iad.”

Do chuaigh sé go dtí an sáipéal, agus ní fheacaigh sé aon phioc dóibh. Bhí sé ag cuir a dtuairisc. Bhí sé ag cuir a dtuairisc gach aon lá. Ní raibh aon tuairisc aige á dh'fháil. Níorbh fhada go raibh an feirmeoir ag dul chun deireadh, go raibh a chuid talún aige á chuir in airde.

“Tá sé á thaibhreamh dom,” arsa mac na baintrí lena mháthair, “an talamh san a thógaint.”

“Dhera a chroí,” arsa a mháthair, “ná bac é. N'fheadaraís cad é an lá gheobhaidís sin an

bóthar.”

“B’fhéidir,” arsa é sin, “má rithfeadh liom, go mbeadh sé déanta suas agam sara dtiocfaidís.”

Do thóg sé an talamh. Do bhí sé ag déanamh go hana-mhaith, is níorbh fhada go raibh an méid a bhí sa sparán déanta suas aríst aige. Do ghaibheadar an tslí aríst i gcionn áirithe aimsire, agus d’fhiarthaigh sé dhóibh ab iad a ghaibh a leithéid seo d’oíche chúthu. Dúradar gurb iad.

“D’fhágabhair sparán úr ndiaidh insa leabaidh,” arsa é sin, “agus do chuireas-sa crích air, ach tá sé déanta suas aríst agam. Thógas talamh an fheirmeora.”

“Chuiris crích mhaith air,” arsa ár Slánaitheoir, “cinnibh anois é,” arsa é sin, “agus cuirfidh sé bun ort. Níl aon ghnó againne dho¹.”

¹ Tá tagairt ag Pádraig Ó hÉalaí don mhír seo ón gCríomhthánach, gan a ainm a lua, agus fianaise á tabhairt aige ar an Slánaitheoir a bheith ag cúiteamh féile “le maoin shaolta (agus le haoibhneas síoraí).” Bhí ‘Slíocht mór mac ort agus gan éinne acu os cionn do bháis’ ó CBÉ, 967: 523-524 faoin lipéad céanna aige, chomh maith le tagairtí breise do mhíreanna gaolmhara ó sheancaithe eile i gCiarraí, agus i gContae na Gaillimhe, na Liatroma, agus Thiobrad Ára (2012: 236). Leaganacha de 750B, 750E(1), 759, 779 de chuid an ATU a d’aithin sé a bheith ina leithéid (2012: 237).

198. *An Slánaitheoir agus an druncaeir*

31.12.44

CBÉ, 967: 44-45

Bhí ár Slánaitheoir nuair a bhí sé ar an dtalamh, míle baochas leis, bhí sé ag imeacht lá agus bhí duine dhos na naoimh in aonacht leis. Do bhuail fear bocht leis gur thrua leat féachaint air, agus é ag lorg déirce. Níor thug sé éinní dho. Nuair a chuadar tamall as an slí, do bhuail druncaeir¹ leo, agus é ag cryáil, agus ba mhór an spórt féachaint air. Thug sé síntiús do.

“Ó,” arsa an naomh, “nách olc an *job* athá déanta agat. An fear bocht a bhí ag fáil bháis ’cheal éinní, níor thugais éinní dho, agus é a thabhairt do san, atá ag tabhairt droch-chaitheamh do.”

“Níl a chroí sin in aon chor ann,” arsa é sin, “ach tá a chroí súd ann.”

Nuair a bhíodar ag teacht abhaile, do bhí an seanóir bocht caillthe ar an mbóthar rompu.

“Cuardaigh é sin,” arsa ár Slánaitheoir.

Do chuardaigh, agus is amhla a bhí sé lán d'airgead².

¹ l.s. 'druncaeir' tríd síos.

² Tá an scéal seo áirithe ag Pádraig Ó hÉalaí faoi 3.2.5 agus dhein sé ceangal ann idir é agus uimhir 785 in TIF, 'Who Ate the Lamb's Heart'. Thug sé le fios gur mhinic baint a bheith ag leaganacha eile den scéal seo le míniú a thabhairt ar “shaint na cléire.” Bhí leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe aige i measc na leaganacha nach raibh “an toise mínitheach sin i gceist” leo. Léirigh sé chomh maith gur pearsana éagsúla seachas naomh “a cheistíonn an Slánaitheoir faoin dáileadh a dhéanann sé ar an déirc” sna leaganacha éagsúla, idir Pheadar, shagart, Iúdas, Iósac, Cholmcille, Phádraig, agus “triúr orgánach” in áit eile arís, (Ó hÉalaí, 2012: 229).

199. *Le linn céasadh an tSlánaitheora*

[?].9.46

CBÉ, 981: 381-382

An rí a bhí ann nuair a cuireadh an Slánaitheoir chun báis, dhoirchigh an lá, agus dúirt sé:

“Is uafásach an doircheacht é seo nú gadé an bun atá leis.”

Ach dúrthas leis nárbh aon ionadh é a dhorchú, mar go raibh ár Slánaitheoir á chuir chun báis inniubh. Bhí ordú fachta aige ón ndochtúir gan aon fhearg a theacht air. Tháinig an fhearg air, agus d’fhiarthaigh sé canathaobh ná fuair sé cuntas in am air, go raghadh sé fhéin agus a chamtha á shaoradh. Cailleadh don iarracht san é¹.

¹ Is cosúil go bhfuil an blúirín seo bunaithe ar ‘Bás Chonchubhair’, scéal a bhfaightear leagan iomlán de in *Sgéalaigheacht Chéitinn* (Bergin, 1925: 5-8). “Bhuail racht marfach feirge Conchubhair nuair a chuala sé faoin gCéasadh” a thug Pádraig Ó hÉalaí mar achoimre ar an scéal seo ón gCrimhthanach, agus is é an t-aon sampla Muimhneach den scéal a thug sé. Chuir Ó hÉalaí an téacs ar fáil ina iomláine faoi 4.3.14, móitífeanna F960.2 (Cross), F668 (Cross), F1041 (Cross), V211.2.3 (Cross) á lua aige mar mhóitífeanna leis (Ó hÉalaí, 2012: 355).

200. *Sliocht mór mac ort, agus gan éinne acu as cionn do bháis*

18.2.45

CBÉ, 967: 524-525

Ár Slánaitheoir, nuair a bhí sé ar an dtalamh so, bhí sé fhéin, agus a mháthair, bhíodar ag siúl rompu. Do ghaibheadar isteach go dtí tig, agus do fuaireadar déirc mhaith ansan. Dh'fhágadar an ghuí ansan:

“Sliocht mór mac ort,” arsa an mháthair.

“Is ea,” arsa ár Slánaitheoir, “agus gan éinne acu as chionn a bháis.”

Nuair a ghaibheadar amach, do dhírigh an mhaighdean Mhuire air cad ina thaobh go ndúirt sé a leithéid sin do chaint.

“Á, sin é mar ab fhearr dhi é,” arsa é sin.

Bhíodar ag imeacht orthu go dtáinig an oíche orthu. Do bhuail bóithrín dorch leo, agus do las sé dhá cheann déag do shoilse i mbéal an bhóithrín. Bhí solas acu ar feadh tamaill isteach sa bhóithrín, ach ní fada é. Nuair a chuadar tamall isteach sa bhóithrín, do theip an solas orthu. Do las aon tsolaisín amháin rompu amach ansan.

“Is ea, anois a mháthair,” arsa é sin, “nách fearr an solas atá romhainn amach ná an dá cheann déag atá ár ndiaidh, agus sin é an scéal céanna ag an té go n-imeoidh a chlann bhuaidh. Beidh siad roimis, agus soilse acu nuair a c[h]aillfear é¹. Má bhíonn siad ina dhiaidh, ní bheidh éinní roimis².

Nách deas a thug sé amach di é.

¹ Bhí an mhír seo ón gCrimhthach mar fhianaise ag Pádraig Ó hÉalaí do chúiteamh sa tsíoraíocht a bheith ar fáil ón Slánaitheoir do thuismitheoirí a chaillfeadh leanaí (2012: 237): “Léirigh an Slánaitheoir,” arsa Pádraig Ó hÉalaí maidir leis an geúis arbh fearr le thuismitheoirí a gclann a bheith básaithe rompu, “go dtreoraíonn a gclann básaithe thuismitheoirí chun na bhflaitheas” (2012: 303.). Leagan de ATU 750E a d’aithin Ó hÉalaí a bheith ina leithéid. Bhí tagairtí aige do mhíreanna ón nGaillimh [CBÉ, 77: 30-32; CBÉ, 195: 135-139; CBÉ, 363: 361-362] agus ó Mhuigh Eo [Béaloidas, 4, 167 (75)] a bhí cosúil leis an mír seo ón gCrimhthach sa mhéid is go dtagraíonn siad “go sonrach don solas a sholáthróidh na páistí básaithe dá máthair, agus i ag triall ar an tsíoraíocht” (2012: 258), gan aon tagairt ag Ó hÉalaí don mhír seo thuas le Seán Mac Crimhthain.

² Nóta ó SÓD ag cur in iúl gur 'roimis' ba cheart a bheith ann, seachas 'rompu' na lámhscríbhíne.

201. *Lán loinge a bhá mar gheall ar éinne amháin*¹

[?].7.45

CBÉ, 977: 258-259

Bhí fear ann, agus deireadh sé gurb shin é an éagóir is mó ag imeacht, lán loinge a bhá mar gheall ar éinne amháin. Tháinig fear chuige lá, agus lán a dhoirn do mheacha aige.

“Tóg iad san go fóill bhuam,” arsa é sin.

Chuir sé isteach ina láimh iad.

“Dún do láimh anois orthu,” arsa é sin, “agus cinnibh aon neoimint amháin iad. Tógfaidh mé bhuaít aríst iad.”

Níorbh fhada an neoimint, is níor chinnibh sé ceathrú neoiminte iad nuair a scaoil sé bhuaidh iad.

“Canathaobh gur scaoilis bhuaít iad,” arsa an fear.

“Chuir ceann acu cealg ionam,” arsa é sin.

“Tánn tú ag rá i gcónaí,” arsa é sin, “nár cheart lán loinge a bhá mar gheall ar éinne amháin.

Scaoilis-se bhuaít na meacha mar gheall ar aon cheann amháin a chuir cealg ionat.

Canathaobh nár choinnís an chuid eile acu,” arsa é sin.

¹ Cé nach luaitear an Slánaitheoir sa mhír seo, is sliocht Bíobalta is bun leis an ráiteas seo a bhfuil macalla ann as rud a dúirt Abrahám leis an Slánaitheoir agus scrios Shodom á phlé acu: “An scriosfaidh tú an chathair go léir de dheasca cúigir?” (Gein 18, 25-33, *An Bíobla Naofa*, 1981: 28). Thug Pádraig Ó hÉalaí le fios gur le ATU 774 K a bhaineann an cás seo (Ó hÉalaí, 2012: 277).

Creideamh na ndaoine

202. *An bhean nár bheir baochas le Dia*

[?].11.47

CBÉ, 1035: 8–9

Is olc an rud gan baochas a bhreith le Dia ar gach aon ócáid. Bhí bean fadó ann, agus bhí bean mhic aici. Ní rabhadar ag réiteacht. Ghaibh fear isteach lá chúthu. Bhí sí ag obair ar fuaid an tí, an tseana-bhean. Is dócha nách chun puinn seanchais a labhair a fear.

“Is tréan an bhean oibre thú,” arsa é sin.

Thóg sí in airde a lámh.

“Sin í lámh na gnótha,” arsa í sin, “sin í lámh na gnótha.”

Le barr mínáirí a labhair sí. Do chuala gur chrap an lámh léi, agus nár fhéad sé aon úsáid a bhaint aisti an chuid eile dá saol, i dtaobh nár rug sí baochas le Dia.

An gcualaís riamh na trí mhargadh is measa? Seana-bhád, seana-chairt, nó seana-bhean uasal.

Caithfir a bheith ag cailliúint gach aon lá leothu.

203. *An fear siúil agus an choróin Mhuire*

25.2.45

CBÉ, 968: 27-28

Bhí sé ar an mbaile seo, feirmeoir, agus do ghaibh fear siúil chuige oíche. Do fuair sé a bheith istigh, agus i gcaitheamh na hoíche, do chuadar ag rá na corónach. Bhí an duine bocht cortha. B'fhearr go mbeadh sé sínte. Ach nuair a bhí na cúig deichniúir ráite, sin é nuair a thosnaigh fear an tí ar leanúint siar. D'éirigh mo dhuine bocht, agus do bhain sé dho a chasóg, agus do bhuail sé féna dhá ghlúin é.

“Seo leat in ainm an diabhair go maidean é,” arsa é sin.

204. *Níl iofrann comh holc agus tá teist agaibh air*

11.2.45¹

CBÉ, 967: 417-418

Bhí réic bhuachalla fadó ann. Bhí an diar air chun óil, ach bhí sé ag gluaiseacht oíche, agus do thit sé ar an mbóthar, agus do bhí daoine tamall ón áit sin ag obair thíos fé thalamh. Bhíodar ag teacht abhaile. Tráthnóna Dé Sathairn ab ea é sin. Do bhuail sé leo, agus é fuar marbh. Thógadar leo síos é, agus do thugadar aire dho. Thit an codladh air, agus nuair a dhein sé snap codlata, chuaigh sé i bhfeabhas. Do thugadar bia dho, agus dúradar leis go raibh sé in am aige dul abhaile anois. Do thugadar leo aníos é.

“Cad é an áit é seo?” aras é sin.

“Sid é iofrann,” arsa iad san.

“Tá ana-dhrochttheist ar iofrann,” arsa é sin, “is ní haon drocháit é.”

Gluaisíodh aníos. Cuireadh ar an mbóthar é, ach sara mbain sé a thig fhéin amach ar maidin, do bhuail sáipéal leis, agus do chuaigh sé isteach ann. Bhí an tAifreann á rá, agus nuair a bhí an tAifreann ráite, d'iompaigh an sagart ag seanmóin. An saol eile a bhí ar siúl aige, agus piast iofrann.

“Caith bhuaite,” arsa é sin, “níl iofrann comh holc agus tá teist agat air,” arsa é sin, “thugas-sa an oíche aréir ann, agus is é an áit mhaith é. Is maith an aire a fuaireas ann.”

Chaith an sagart stad. Nách deas a thug sé amach é.

¹ Ní luaitear an dáta seo leis an mír seo sa lámhscríbhinn, ach is é an dáta seo a luaitear leis an mír roimhe agus ina diaidh.

205. *Uaigneas Lá Domhnaigh*

[?].11.46

CBÉ, 982: 29-30

Lá Domhnaigh, ní raibh sa tig ach mé féin is m'athair an uair sin, aimsir aifrinn a chuas ag triall ar uisce go dtí tobar Bhreandáin, is bhuail Maidhc O'Donnell liom ag an dtobar. Do bhíomair ag caint, is shiúlaigh sé i leith in aonacht liom go dtánamair i leith go dtí ceann tí na scoile a bhí anso thíos insa gharraí seo thíos. Bhí falla mór ard idir an bhóithrín agus tig na scoile, agus bhuaileamair ár ndrom leis an bhfalla. Bhí ár n-aghaidh suas chun an chnoic. Chonaiceamair an solas thuas i lár páirce. Bhí sé ina stad ansan ar feadh tamaill, agus fé cheann tamaill, do dh'aistrigh sé, agus d'imigh sé bhuainn suas breá socair fé mar a bheadh sé i láimh duine. Tá loicín beag thuas i mbarra na páirce. Chuaigh sé isteach ansan.

“Is ea,” arsa mise, “seo leat abhaile, ní haon am dúinn a bheith amuigh, is dealraitheach.”

Chuamair abhaile. Tá aimsir aifrinn dréir dealraimh ana-dhéamhair¹.

Bhí sagairt anso thiar ar an mbaile seo tamall 'on tsaol, agus sa tig go rabhadar, chuaigh Sullivan chun cónaithe ann ina ndiaidh. Bhí cailín aimsire ann. Chuadar ar fad go dtí an aifreann, ach an cailín aimsire. Nuair a bhí sé aimsir an Aifrinn, chuala sí an cloigín á chrothadh thuas insa tseomra. Thug sí léi amach na leanaí, agus chuaigh sí síos ar an mbóthar. D'fhan sí ann go dtáinig muintir an Aifrinn. Is dealraitheach gurb amhla a bhí aifreann á léamh thuas insa tseomra.

“Ní gnáthach iasc age iarlais díomhaoín,
is ní dh'fhanann tráigh le straethairí.”

1 .i., 'ana-dhiamhair'

206. *Ag dul ag triall ar leabhar Eoin 'dtí an sagart agus seanchas eile*

[?].2.46

CBÉ, 979: 204-208

An mbíodh na daoine tugtha do dhul ag triall ar leabhar Eoin 'dtí an sagart á mbeadh duine leo breoite?

Bhídís, agus táid fós. Tá obair sa leabhar Eoin má dh'fhaigheann tú an ceann ceart acu. Tá tógaint ann. Má théann duine ag lorg leabhar Eoin¹, bheadh rud éigin aige le tabhairt don tsagart. Beidh ana-sheans leis. Bhí Beaglaoidh Chorr Áillí², bhí san ag eachtraí dhomsa. Bhí sé seo thíos³ ana-shuarach, ach do chuaigh sé ar an mBuailtín⁴ ag triall ar leabhar Eoin, agus ar a shon é a dhul ag triall ar an leabhar Eoin, ní raibh aon choinne aige ná go mbeadh se caillthe sara mbeadh sé thiar. Ach san am go bhfuair sé an leabhar Eoin ar an mBuailtín, thosnaigh an leanbh ag dul i bhfeabhas i gCráilí. Nár mhór an obair é. Thug sé leis é, agus i gcionn seachtaine, bhí an leanbh comh maith is bhí sé riamh. Á raghadh duine go dtí an sagart ag lorg leabhair Eoin, níor mhaith leis an sagart in aon chor é ag lorg i gcuntais Dé air.

An bhfuil aon mhaith i sú an tsimné chun leasaithe?

Tá sú an tsimné go maith chun leasaithe, ach níl aon leasú is fearr do phrátaí luatha ná luath a bheadh curtha tamall fé chearca.

An bhfuil leigheas insa tsú?

Deir siad go bhfuil leigheas ann. Deir siad go leighisfeadh sú agus *sulpher ringworm*.

An bhfuil deatach sláintiúil?

Do chuala go raibh deatach sláintiúil. Tá triall mhaith agam fein air, ná fágfaidh sé aon rudaí beaga ar fuad an tí gan marú. Bhí an seana-lochta a bhí anso thíos againn. Bhíodh deatach i gcónaí ann. Curtaí tuigí in airde ann, agus dá dtabharfaidís seacht mbliana ann, ag dul i bhfeabhas a bheidís.

¹ c.f. CBÉ, 1490: 656-657 mar a bhfuil seanchas agus “scéilíní ar leabhar Eoin” bailithe ag Seán Ó Dubhda.

² “Baile i bParóiste Chill Maoilchéadair,” a deir an Criomhthánach linn.

³ Do “mac le Beaglaoidh,” a thagraíonn an abairt seo dar le nóta mínithe ón Dálach.

⁴ Baile an Fheirtéaraigh, dar ndóigh – “sráidbhaile i bParóiste Dhún Urlann mara bhfuil an sagart,” dar le fo-nóta ón Dálach.

Stopamair an deatach ansan tamall, is ní raibh aon smól deataigh ann. Cuireadh tuigí in airde ann. I gceann ráithe, bhíodar dreoite. Bhí maide ana-dheas in airde agam ann. Bhíos á spáráilt, maide, lá. Thug sé bliain in airde ann gan é a thógaint anuas. Nuair a tógadh anuas é, d'imigh sé ina bhlúiríocha orm. Bhí fiolaí nódha roth asail agam babhta eile, is chuireas in airde ann iad, agus nuair a theastaíodar bhuam chun iad a chur i roth eile, chuimleofa mar sin ina mbruscar iad. Bhíos á rá le siúinéir a bhí sa Daingean.

“Cá bhfuil siad agat?” arsa é sin.

“Tá siad in airde ar an lochta,” arsa mise.

“Ní haon tairbhe iad,” arsa é sin, “mara bhfuil deatach ann. Tá siad lán do mhíola,” arsa é sin.

Bhí Father O’Leary babhta a ghaibh sé anso.

“Tá do thig ceangailte go maith agat,” arsa é sin le m’athair.

“Sin é an tig salach,” arsa é sin, “tá sé lán do dheatach.”

“Sin é an rud is folláine a bhí i dtig riamh, deatach,” arsa é sin.

An bhfuil aon mhaith in uisce thobar na trí dteorann?

Tá ana-leigheas ansan. Tá leigheas ar a lán rudaí ann a deir siad. É a dh’ól is dócha.

Canathaobh go bhfuil turas insa Bhaile Riabhach?

Maraíodh sagart fadó ann nú naomh. Naomh Maranán, is dócha¹. Drochdhaoine a mhairbh é. Sin é an chiall go bhfuil an turas ann.

Ghaibh stróinséir go dtí Micí na gCloch. D’fhiarthaigh sé dho an raibh puinn cilleanna timpeall.

Thosnaigh Micí ag áireamh do, Cill Maoilchéadair, Cill Chuáin, Cill Fhiontain, agus mar sin, gur áirimh sé iad ar fad dar leis.

“Níl mo chill ar aon cheann acu,” arsa an stróinséir

Chuimhnigh Micí ansan go raibh bean bhocht i *bpoorhouse* an Daingin fadó, agus nuair a cailleadh

¹ c.f. §284 | CBÉ, 1035: 425-429: “Naomh Manachán a bhí sa Bhaile Riabhach a chloisinn, turas Naomh Manachán atá ann. Ansan mar a bhfuil an fothrach ann, chuala gur sagart a maraíodh ann. Is dócha gurb é an naomh a maraíodh ann.

Bhí seandúine ón áit sin turas ag caint le m’athair. Dúirt sé nách Baile Riabhach in aon chor an ceart ach Baile an Diabhail. Is dócha gur toisc an sagart a mharú ann a thug sé Baile an Diabhail air.”

í, ní raibh aon duine muinteartha aici a bhéarfadh leis an corp. Cuireadh thuas i gCnoc an Chairn¹ í.

Bhí an chéad duine, cuireadh ann í agus Máiréad a bhí uirthi. Tugadh Cill Mháiréad ansan uirthi.

“Tá Cill Mháiréad fós gan áireamh agam,” arsa Micí.

“Ó, sin í í,” arsa é sin.

Aintí do ab ea í. Máiréad.

N’fheadar an Chill Chuáin nú Cill Chíobháin an Chill thuaidh, Cill Chuáin is dócha. Bhí Cúán ag teacht ón nDaingean fadó agus corcán aige, ach do bhuail an phiast leis age Barra an Mháma, is a béal ar leathadh aici chun é a shlogadh. Chuir sé an corcán ar a ceann.

“Is fada an luan é seo a Chuáin,” arsa í sin, “in uisce fuar ná fuil folláin,

mara mbeadh an coire a chuiris ar mo cheann,

d’íosfainnse tusa agus dhá dtrian an domhain.”

Fhéach ná feiceann éinne anois í. Chítaí tamall maith ina dhia’ san í i Loch Chorr Áillí. Nochtheadh sí í fhéin anois is aríst ann, is an corcán ar a ceann.

¹ l.s. “Cnoc a’ Charain.”

207. *Cleachtais chreidimh I*¹

[?].11.50

CBÉ, 1178: 499-539

Cad a deiridís le linn dóibh cur chun aon tsaghas oibre?

Deiridís, “seo in ainm Dé.” Is dócha, á mbeadh duine aonair ann, ná déarfadh sé éinní, mara ndéarfadh sé ina aigne é. Chaithidís braon den uisce coisreac ar an chéad bhirdeog. Scaolthán a bhéarfaidís amach le cur.

Paidreacha ócáide

*An rabhadar dílis don gchoróin pháirteach?*²

Bhíodar, agus táid fós. Bhí tithe ann ná deirtí in aon chor í, is dócha, ach is é an beagán é.

Cé a chuireadh an choróin ar bun?

Fear an tí, agus mara mbeadh sé sin ann, bean an tí, agus bhíodh deichniúr ages gach éinne ansan. Is ea, chúig deichniúr a bhíodh sa choróin acu, ach bhíodh paidreacha roimpi, agus paidreacha ina diaidh. D'fhán lánú a bhí ag siúl rompu anso, is bhí paidrín acu go raibh chúig deichniúr déag air, agus deiridís na chúig deichniúr déag.

Cathain a deiridís an choróin pháirteach?

Deiridís í sara dtéidís a chodladh. Bhíodh paidreacha eile ina diaidh ag cuid acu. Seana-Sullivan a bhí anso thiar, bheifí curtha sara stadafadh sé. Bhí fear siúil thiar aige oíche, agus chuaigh sé ar a ghlúine ag rá na corónach. Lean Sullivan air, agus b'fhada leis an bhfear siúil é. D'éirigh an fear siúil.

“Seo leat in ainm an diabhair go maidean é,” arsa é sin³.

An mbíodh paidrín ages gach éinne?

¹ ‘The Practice of Religion’ a bhí mar theideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn, agus bhí treoír faighte ag bailitheoirí an Choimisiúin a leithéid d’eolas a lorg – c.f. *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942: 38). Dhá sheisiún, is léir, a chaith Seosamh Ó Dálaigh ar an ábhar seo, agus toradh an dara seisiúin le feiscint sa chéad mhír eile. Bhí stór mór eolais go deimhin ag Seán Mac Criomhthain ina thaobh seo.

² “Cheistíos Seán Criomhthain orthu so cheana” – SÓD.

³ Tá an méid seo le fáil mar mhír as féin in §203 | CBÉ, 968: 27-28.

Ní bhíodh. Níorbh aon tsaol mór paidríní in aon chor é an uair sin. B'fhéidir go mbeadh ceann age bean an tí, agus fear an tí. Ar a méireanna a deireadh cuid mhór acu í. Bhíodh deich cinn do chlocha beaga uaireanta age seana-bhean.

Bhí tig coirp thíos i nGallros fadó. Cuireadh an choróin ar bun siar san oíche. Bhí lán an tí istigh. Bhí bean thuas insa chúinne, is cathaoir bhreá fúithi, agus tine bhreá lena cliathán. Chuir sí an choróin ar bun. Ach nuair a chuadar ar a nglúine, bhí duine acu ar lic an doiris síos, agus bhí an leac ag gabháil tríd, agus bhí an fuacht ag gabháilt tríd. Nuair a bhí an choróin críochnaithe, thosnaigh bean na cathaoireach ar dhul níos sia ó bhaile.

“Mise, seirbhíseach umhal an tiarna,” arsa í sin.

“Is ea mhuisse,” arsa fear an doiris, “más tusa seirbhíseach umhal an tiarna, nár fada go mbéarfaidh an diabhal leis tu¹. Tá mo ghlúine briste, agus mé leata leis an bhfuacht agat.”

Bhí bean éigin mar sin ag rá na corónach age baile fadó, agus bhí a hiníon cailte aici. Tháinig an iníon chúichi agus dúirt sí léna máthair ná raibh sí comh dealbh san sa tsaol ná féadfadh sí páidrin a cheannach di féin. Clocha a bhí aici.

“Á, a mháthair,” arsa í sin, “ní dealús ná go gcaithfá bhuait na clocha san, agus go gceannófá paidrín. Ní haon chabhair duit iad san.”

D'imigh sí bhuaithi ansan.

An raibh sé de nós ann éinne a dh'fhanacht istigh ón aifreann, an choróin a rá?

Bhí sé sin ann, agus á mbeadh beirt istigh, déarfaidís an choróin pháirteach. Bhíodh fo-dhuine ann leis ná téadh ar a nglúine in aon chor. B'fhéidir gur ag bothántaíocht a raghadh cuid acu, aimsir aifrinn, agus ag cur síos ar na comharsain.

Bhí bean ann fadó, agus chuir sí a mac i gcoláiste chun sagairt, agus cailleadh é sara raibh sé ina shagart. Bhíodh sí ag dul 'dtí an aifreann i gcónaí. Ba chuma cén saghas aimsire a bheadh ann. Ní raibh aon tseans go bhfanfadh sí istigh. Tháinig an mac chúichi, agus labhair sé léi.

¹ Bhí an méid seo den phaidir ag Seán Mac Criomhthain mar chuid den seanchas ar Shéamus Ó Finn in §341 | CBÉ, 968: 23-26, áit inar scríobh SÓD mar nóta nach raibh an phaidir ar fad ar eolas ag an gCriomhthanach.

“Ní haon chabhair 'uit a bheith id dhroch-úsáid féin a mháthair,” arsa é sin, “ag dul 'dtí an aifreann droch-laethanta.”

“Ní fhéadfainn fuireach isteach,” a dúirt sí.

“Ní bheidh agat tréis na n-aifrinntí ar fad,” arsa é sin, “ach dhá aifreann.”

Bhí comhra i gcliathán an tí.

“Cuir pollín¹ ansan,” arsa é sin, “is gach aon uair a raghair go dtí an aifreann, tabhair leat geitire. Sáigh isteach sa pholl é, agus ná hoscail an comhra nú go dtí ná féadfair dul go dtí an aifreann. Oscail ansan é,” arsa é sin.

D'fhág sé slán aici, is bhailimh sé leis. Ach is cuma conas a shéidfeadh an uain. Théadh sí go dtí an aifreann, agus thugadh sí an geitire léi, agus chuireadh sí 'on chomhra é. San am gur theip sí² ar dhul go dtí an aifreann, d'oscail sí an comhra, agus ní raibh istigh ann ach an dá gheitire.

***Dílseacht don Maighdin Muire*³**

Bhídís ag glaoch ar Mhuire i gcónaí nuair a bhíodh aon tinneas orthu. Níl éinní is fearr ná *relief* a lorg ar an bhfamily ar fad. Glaodh ar Íosa, Máire, agus Naomh Joseph. Bhí seanduine beag titithe sa *channel* le deoch lá sa Daingean, agus ní raibh aon phort aige, ach “a Mhaighdean Mhuire, go dtagair im choinne.” Ghaibh Micí na gCloch síos, agus chualaigh sé é. Stad sé. Bhí “a Mhaighdean Mhuire, go dtagair im choinne” ag an bhfear.

“Mhuise nár lige Dia dhi an tabharthas chun a bheith ag teacht ina choinne.”

Bhíodh caoineadh na Maighdine acu. Ní mór go raibh sé aige. Ní mór agamsa dho leis. Bhí sé ann.

“Cad é úr gcúis ar an bhfear mór breá so?” arsa é sin.

“Boch ochón san eochón.

Is maith é úr gcúis air anois láithreach,

boch ochón san eochón.

¹ .i., “poll beag.”

² Struchtúr dar ndóigh a gcaithfeadh gramadóirí an lae inniu air ach atá fós beo sa chaint.

³ .i., ‘The Faith’ in *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 149).

Tógaidh libh é siar 'on ghairdín,
boch ochón san eochón.
Caithídh úr sileadh air, is deinídh fé gháire,
boch ochón san eochón.
Thógadar leo é siar 'on ghairdín,
boch ochón san eochón.
Chaitheadar a sileadh air, is dheineadar fé gháire,
boch ochón san eochón.
Chualaigh a mháthair na focail á rá acu,
boch ochón san eochón.
D'éirigh sí ó thalamh, is do ghlan sí an garda,
boch ochón san eochón.
Is ní fheacaigh éinne riamh aon léim comh breá léi,
boch ochón san eochón.

Troscadh na Céadaoine

Iad so a bhí san ord, ní dh'ithidís aon fheoil Dé Céadaoin, agus ní dh'ithid fós. Bhí bean óg agus máthair a chéile i dtig timpeall anso, agus ní rabhadar ag réiteach, agus bhí an tseana-bhean insan ord, agus ní raibh aon lá ag an mbean óg an fheoil a bheiriú, ach Dé Céadaoin, chun ná beadh sí ag an seana-bhean.

Bhí cailín aimsire i dtig Sasanaigh fadó. Caitliocaí ab ea í, agus ní dh'itheadh sí aon fheoil Dé hAoine. Bhí cailín óg sa tig, agus dhein sí aithris uirthi. Ní dh'itheadh sí aon fheoil Dé hAoine ach oiread léi. Buaileadh breoite cailín an tí, agus do cailleadh í, agus do bhí sí ligithe amach ar an mbord, agus i gcionn tamall don oíche, d'éirigh sí aniar ar an mbord, agus scanraigh gach éinne.

“Ná tagadh aon eagla oraibh,” arsa í sin, “ní baol díbh mise, mar tá aoibhneas agamsa,” arsa í sin, “is moladh le Muire nár dh'itheas an fheoil Dé hAoine.”

Shín sí siar aríst.

An baisteadh¹

Ar chualaís riamh cá mbeadh leanbh a gheobhadh bás gan baisteadh?

“Bheadh leanbh gan baisteadh sa doircheacht,” a deir siad. Mar gheall air sin, thugaidís baisteadh urláir ar leanbh. Bhí sagart san áit seo, agus dúirt sé go raibh aon duine ábaltha ar bhaisteadh a dhéanamh.

An ndéinidís baisteadh urláir ar mhórán leanbh?

Ní dheinidís. Níor mhaith leo é a dhéanamh mara mbeadh sé lag, mar an leanbh a dh’fhaigheadh baisteadh urláir, dh’fhaightí ana-dhua bhuaidh sin á bhaisteadh aríst, nuair a bhíodh an sagart á bhaisteadh.

Cé air a bheartófaí chun seasamh le leanbh chun baistí?

Daoine muinteartha éigin. Driotháir is driofúr ab fhearr chun seasamh leis. Ba chuma cén gaol a bheadh acu leis an leanbh.

An bhfuil sé ceart agat duine a d’iarrfadh ort seasamh chun baistí le leanbh, an bhfuil sé ceart agat é a dh’eitheach?

Níl. Ní ceart ‘uit leanbh a dh’eitheach, ach á mbeifeá seasaithe le leanbh ar an dtaobh istigh [...] do bhliain roimhe sin, níor cheart duit seasamh aríst. Sheasaimh m’athair le triúr aon lá amháin. Cúpla ab ea beirt acu. Bhíodar breis agus bliain, ach bhíodar sa tsúp, agus an tríú duine, gearrchaile beag ab ea í, agus bhí ana-job acu an gearrchaile a bhreith leo mar bhí a huncail ina bhun, agus bhí sé sin sa tsúp. Bhí an gearrchaile beag sa chliabhán, agus a huncail ina bhun, ach do dhein m’athair an talamh air, agus thug sé leis í. Bhí dlí déanta age Father Griffin turas gan dul siar ar an mBuailtín le aon leanbh chun é a bhaisteadh, ach Dé Céadaoin, agus Dé Sathairn, bhí leanbh anso againn a saolaíodh Dé Domhnaigh. Caitheadh fanacht ’dtí Dé Céadaoin, agus ana-droch-lá ab ea an Chéadaoin. Ní fhéadas chuir chun bóthair ’dtína dó a chlog. Bhí sé déanach nuair a chuas siar.

“Ná fuil sé ródhéanach anois,” arsa Father Griffin.

¹ .i., aistriúchán Gaeilge ar an teideal ‘baptism’ atá le fáil in *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 150).

“Tá,” arsa mise, “ach bhí an lá ró-olc go dtí so.”

“Canathaobh nár fhanais go dtí amáireach?” arsa é sin.

“Ná fuil dlí déanta agatsa,” arsa mise leis, “ná beadh aon leanbh á bhaisteadh ach Dé Céadaoin, agus Dé Sathairn.”

“Ó, tá,” adúirt sé.

Isteach leis, agus bhaist sé an leanbh.

Ar chualaís riamh go mbíonn éinní curtha in éadach an linbh ar a thuras go dtí an sáipéal á bhaisteadh?

Bíonn blúirín aráin fuaite ina gcuid éadaigh, é curtha suas féna bhásta, agus tugann mná gráinne siúicre leo istigh i haincisiúir, agus cuireann siad an haincisiúir i mbéal an linbh, agus bíonn sé á shúrach, agus cimeádann san gan gol é. Á mbeadh beirt leanbh, gearrchaile agus garsún, á bhaisteadh in aon tobar baistí amháin an lá céanna, deir siad gur ceart tosach a thabhairt don ngarsún. Chonac féin é sin á dhéanamh, agus agamsa a bhí an gearrchaile, agus tá a rian air. Níor chuaigh breis ná borradh ar an ngearrchaile, agus rud eile, níor dhúisigh sí insa tobair baistí, agus deirtear nár mhaith an comhartha é sin. Tá baisteadh ag an ministir leis, ach má tá, níl aon tsalann aige á dh’úsáid. An raibh fuilshrón riamh leat?

Bhí.

Ar chuaigh aon chuid di id bhéal?

Chuaigh.

An bhfuairis blas goirt uirthi?

Fuaireas.

Bhuel, ní bhfaighidh an Sasanach aon bhlás goirt uirthi mar ní raibh aon tsalann insan uisce a bhaist é¹.

Cad a deir mná nuair a théann siad ag féachaint ar leanbh tréis é a shaolú?

Deir siad gur méadaí Dia chughaibh é, agus gan éinne díbh.

¹ Is é an míniú a thug Pádraig Ó hÉalaí ar “allas an Chríostaí” a bheith goirt ná gur “chuir Críost allas goirt ar an gcros” (2012: 223).

Ar chualaís riamh ná habrann éinne bail ó Dhia ar leanbh 'dtí go mbíonn se baistithe?

Sin rud nár chuala riamh. Bhí lánú ann fadó, is ní raibh éinne acu, agus ní rabhadar ag tuiscint a chéile mar gheall air. Ghaibh bean dos na comharsain isteach lá chúichi, agus d'inis bean an tí dhi conas mar a bhí.

“Níl aon ghliocas ionat,” arsan tseana-bhean eile léi, “ná ligfeá ort leis go bhfuileann tú ag iompar linbh, agus cuir fios ormsa nuair a bheidh an aimsir caite.”

Sin mar a bhí. Dúirt sí lena fear é, agus bhí sé lán d'áthas, agus nuair a bhí an aimsir caite, chuir sí fios ar an mnaoi eile, agus tháinig sí, agus dúirt sí leis an seandúine dul ag triall ar chabhair. D'imigh sé, agus nuair a bhí sé imithe, do bhí cat bán sa tig, agus do rugadar air, agus do mharaíodar é, agus do bhaineadar an croiceann. Casadh éadach, is buaileadh thíos age cosa na leapan é. Tháinig fear an tí. Teaspáineadh an 'leanbh' do. Tairrigíodh siar smut don éadach do.

“Ó a Thiarna,” a dúirt sé, “nách mór an dealramh athá lem dhriotháir Jimmy aige.”

Casadh an t-éadach aríst air. Siar san oíche, ghlaoigh an chomharsa air.

“Ó, Dia linn,” a dúirt sí, “tá rud éigin ag teacht ar an leanbh. Ní dóigh liom go mairfidh sé.”

“Má c[h]ailltear féin é,” arsa é sin, “tá m'ainm air. Is cuma liom ach í féin a bheith go maith.”

Cailleadh an leanbh. Bhí an scéal san i gceist. Mary a' Chalaigh a bhí ag eachtraí air, bean Flannery a bhí thíos insa Daingean.

An bhfuil aon bhaint ag an mbaisteadh le daoine a chionn púcaí?

Bíonn. Aon duine go mbíonn lúb ar lár éigin ina bhaisteadh, cífidh sé sin iad. An lá a baisteadh mise, Sullivan anso thíos an t-athair baistí, agus a dhriofúr an mháthair bhaistí. Father Éigin a bhí ann.

“Gadé an ainm a thabharfar ar an leanbh so?” arsa Father Éigin.

“Seán,” arsa m'athair.

“Tabharfam ‘Seán MicCrimhthain ó Chill Maolchéadair’ air,” arsa é sin.

“Sin leanbh,” arsa é sin, “ná cífidh aon drochní go deo.”

Agus b'fhíor do. Ní fheaca aon drochní riamh. Aon bhabhta amháin a chuas 'on tráigh, mheasas go raibh an lá agam, mar bhí an oíche geal. Bhíos thíos, agus mé ag bailiú, agus comh cóngarach leis an ndoras ansan, ghaibh an bhean tharam siar ar sodar. Níor dh'fhéach sí, is níor stad sí. Níor tháinig aon eagla orm. Mheasas gur bean éigin ón Muirígh a bhí ag dul siar thar tráigh í. Tréis mé a theacht abhaile, bhí coileach againn, is ghlaoigh¹ sé moch go maith, sin é nuair a ghlaoigh sé. N'fheadar an raibh sí beo ná marbh².

Bhí fear ó Bhaile na nÁth ag teacht abhaile ó iascach ó Bhaile na nGall blianta ó shin, agus nuair a tháinig se comh fada le Gallros, bhí an bhean ina choinne, is gan uirthi ach a léine. Nár mhór an misneach a bhí aige. Chuaigh sé féna déin, agus sháraigh sé í, agus thug abhaile í. Bean ó Bhaile na nÁth ab ea í. An fiabhras aerach a bhí uirthi.

“An fear chun an chnoic,” a dúirt a seanfhocal, “is an bhean chun na trá.”

Nuair a chaillfidh an fear a cheann, fén gcnoc a thabharfaidh sé, agus nuair a chaillfidh an bhean a chiall, fén dtráigh a thabharfaidh sí.

An mbíodh aon phictiúirí ar na fallaí insa seana-thithe?

Is ar éigean é. Is mó tig ná bíodh ach blianta ó shin, do thosnaíodar ar iad a thabhairt leo. Nuair a théadh na mná 'on Daingean i gcomhair na Nollag, do thugaidís leo pictiúirí. Pictiúir ár Slánaitheora, ní bhíodh aon fhráma orthu so, ach páipéar láidir lena ndrom, agus lena gciumhasa. Bhídís beagán os cionn troigh ar airde. Ní bhíodh aon ghloine orthu. Ansan a ghaibheadh peidléirí timpeall ag díol pictiúirí beannaithe, agus sin é an uair a thosnaigh formhór na ndaoine á gcrochadh ar na fallaí, gaibheann peidléir ansan timpeall, agus bhídís aige. Mícheál na mBolaí a thugaidís air. “Pictiúirithe breátha beannaithe” agus “iallacha bróga,” a deireadh sé, agus gadé *glam* a bhíodh aige ag imeacht ó thig go tig.

¹ l.s. ‘glaoch’

² Tá sé suimiúil gur oibrigh an Criomhthanach tagairt do ghlao an choiligh isteach san insint seo ar eachtra a bhain dó fein: ó thaobh an traidisiúin de, is é a chuir glao an choiligh in iúl ná aiséirí an tSlánaitheora (Ó hÉalaí, 2012: 142) nó saolú an tSlánaitheora (ibid: 144).

Cá mbíodh an t-uisce coisreac acu?

Bhíodh sé i mbuidéal ar bhonn an drosúir¹, nú bhíodh an buidéal saite i bpoll sa bhfalla acu. Chroithfidís an t-uisce coisreac ar fuaid an tí á mbeadh contúirt ann. Gála gaoithe nú toirneacha.

An mbíodh cros Bríde acu?

Dheinidís cuid acu san leis, agus chuiridís in airde sa scrathín iad. Ní mór a dheineadh iad. Bhíodh brath Naomh Bríde leis acu, plaincéidín lomchaite, is é a chuir amach ar an dtor Oíche le Bríde, agus é a fhágaint amuigh go maidean. Chimeádaidís é sin sa tig, ach n’fheadar cén úsáid a bhainidís as. Níl mórán blianta ó shin in aon chor, ó, bhí gréasaí ó Chill Fhionntain ag dul abhaile ó Bhaile an Reannaigh, agus nuair a bhí sé drom an Riaisc aniar, do bhuail an coileáinín madra leis, agus do shiúlaigh an coileáinín cos ar chois leis, agus ag dul i méid a bhí sé, agus bhí an t-eagla ag teacht air, agus nuair a tháinig sé comh fada le Imileá, do chuaigh sé isteach go tig Ghriffin in Imileá, agus loirg sé solas ar Griffin.

“Aithním ort,” arsa Griffin, “go bhfuil eagla ort.”

“Tá,” arsa é sin.

“Cuirfidh mé geall gurb é an coileáinín a bhuail leat,” arsa é sin.

“Is é,” arsa an gréasaí.

Bhí cros déanta age Griffin do dheileastram, agus bhí sí in airde fén gcúpla aige. D’éirigh sé, agus thóg sé anuas í.

“Cuir isteach féd chasóig í sin anois,” a dúirt sé, “agus ní baol ’uit.”

Chuir, agus bhuail sé amach aríst, agus ní fheaca sé an coileáinín, ná níor tháinig aon eagla air, gur chuaigh sé abhaile. Is maith é paidrín a bheith ar iompar agat istoíche. Chuala-sa bean á rá go ndúirt sagart léi, á mbeadh duine ag imeacht istoíche mar a mbeadh paidrín ar iompar aige, is go mbuailfeadh aon drochní leis, go ndéanfadh sé an gnó dho é sin a dhéanamh – t’ordóg a chur

1 .i. ‘driosúir’

isteach fén méir sin, agus do dhorn a dhúnadh, .i., cros a dhéanamh.

Maighréad Bean Mhic Criomhthain: Más ea, níor mhór 'uit gráinín salainn a bheith i gcroí do dhearnan. Cuirtí blúire salainne fúithi in éadach na leanbh, agus bhíodh se ann i gcónaí.

An raibh breis measa acu ar uisce coiscreac na Cásca, breis ar aon uisce coiscreac eile?

Ó bhí, mar bhí leigheas ann. Uisce coisreac na Cásca, agus uisce coisreac na Nollag a chur trí chéile, bhíodh leigheas ann. Bhíodh an dá uisce sin istigh ó bhliain bliain acu. Á mbeadh laigí ag teacht ar dhuine, spíonógín do chuir air. Ní bhaintear aon arán anois as. Sin iad na dochtúirí a bhíodh sa tseana-shaol, rudaí mar sin.

Seán Mac Criomhthain: Father Hones a bhí thiar ar an mBuailtín, ghaibh se chugham lá, tamall tréis m'athair a chailliúint. Bhíomair ag caint.

“Is mór an tura nár mhair an t-athair tamall eile,” arsa é sin, “bhreá liom tamall a chaitheamh ina chuileachta.”

“Ní raibh aon leisce air bás a dh'fháil,” arsa mise.

“Bhí fear mar sin,” arsa é sin, “agus chuireas an ola air, agus chuaigh sé i bhfeabhas. Níor cailleadh in aon chor an uair sin é. Bhuail sé liom ina dhiaidh sin,” arsa é sin.

“An raibh aon leisce ort bás a dh'fháil an uair úd?” arsa mise leis.

“Ní raibh,” arsa é sin, “mar ní ag triall ar an spreallaire beag súigh a bhíos ag dul.”

Cá gcuirfidís an tSailm a bhíodh acu Domhnach na Sailme?

Bheiridis leo abhaile cúpla craobh di. Bhíodh blúire curtha ina hataí ages na fearaibh, agus ina gcaipíní ages na garsúin. Bhíodh sí ceangailte i *jacket* na mban. Dheinidís fáinní do mhiotháin sliotharnaí¹ leis a bhíodh beannaithe an Domhach san, agus chuiridís i lúb cnaipe ina gcasóga é. Cuirtí craobh don sailm laistigh do pheictiúirí age baile, má bheadh na pictiúirí ann, agus fagti ann í.

An mbíodh seamróg ages gach éinne lá 'le Phádraig?

Bhíodh. Bhíodh sí ina gcaipíní is ina hataí, is ina gcasóga. Fadó, bhíodh cros ar láimh na gcailíní lá 'le Pádraig. Bhíodh gach aon dath uirthi. D'fhaighidís blúiríocha éadaigh ós na neaintíní, is

1 l.s. 'sliotharnach'

dheinidís féin iad. Dhera, bhíodh cuid dos na crosanna úd á dhéanamh ar feadh coicíse, tamall anois, agus tamall aríst. Bhídís ar a gcuisleanna¹ acu. Bhíodh formhór na ndaoine san ord, bhíodh an scaipléir orthu nuair a thagadh na bráithre. Chuiridís gach éinne san ord.

An dtéadh chuid mhór dhaoine 'on tsáipéal Céadaoine na Luaithre?

Is beag é, mar ná bíodh am, agus aifreann in aon chongar² dóibh. Duine a raghadh ann, b'fhéidir go mbéarfadh sé leis abhaile gráinne don luath bheannaithe, agus chuirfeadh gach éinne age baile cros air féin léi.

Cad iad na turaiseanna a thugaidís anso?

Turas tobar na molt an ceann ba mhó dos na turaiseanna. Théadh daoine ón áit seo ann. Théidís ann ag lorg leighis. Ní mór a théadh ann mar bhí sé rófhada ó bhaile. Bhíodh daoine ag dul ann go dtí le déanaí. Turas an Bhaile Riabhaigh a ba chongaraí dúinne anso. Domhnach cáscá, bhíodh san ann. Tá turas an Bhaile Riabhaigh orm féin ó bhíos im leanbh, agus níor chuas fós ann.

Théidís ar thuras na Mine airde leis. Bhí lá 'le Muire an Daingin leis ann. Chúig seachtaine d'fhómhar a thagann sé sin. Saghas lá pátrúin ab ea é sin, ach ní cuimhin liomsa aon turas a bheith ann, ach fé mar a bhíonn Domhnach Crom Dubh i gClochán. Bíonn bailiú maith daoine i gClochán fós, ach ní bhíonn oiread agus bhíodh. Ní mór na stróinséirí a bhíonn anois ann, ach muintir Pharóiste Chlocháin féin. Théidís síos ón bparóiste seo, agus ó Pharóiste Múrach fadó, agus ní fadó ó shin é. Bíonn turas eile i mBaile Dháith, lá Shin Sheáin Beag, an lá go mbíonn an turas ar Chnoc Bréanainn. Téann mórán daoine go Barra Chnoc Bréanainn fós, á mbeadh an lá breá. Lá 'le Pádraig fadó, théadh éinne go mbíodh aon mhaith in aon chor ann 'on Daingean, ag faire ar an mband, agus bhíodh lá óil acu ann. Théadh daoine siar go Dún Chaoin ón bparóiste seo leis lá 'le Gobnait. Bíonn an lá san saoire i nDún Chaoin. Turas Caitliona aríst, tá se i bParóiste Fionntrá, fós lá Caitliona. Lá saoire sa pharóiste is ea é, agus pé áit go mbeadh bean ó Pharóiste Fionntrá pósta, raghadh sí ann ag tabhairt an turasa, turas teampaill is ea é. Dob shin lá saoire fadó, lá le Muire na nAistrithe, agus ní raibh aon dealramh le é a chaitheamh amach. Sin é an cúigiú lá fichead do Mhárta. Níor chuala

1 .i., foirm iolra an cheannfhocail 'cuislinn' in FGB.

2 l.s. 'chúngar'

riamh canathaobh gur tugadh lá 'le Muire na nAistrithe air.

Conas a deiridís mar gheall ar chabhair Dé?

“Is giorra cabhair Dé ná an doras,” nuair a bheadh gá le cabhair éigin acu. Á bhfaighfeá rud a bheadh ag teastáil ana-mhór uait, déarfá, “Mhuise, cabhair Dé chugham.”

Nuair a bheadh duine i gcruachás, déarfadh sé, “ná bac san, tá Dia láidir, is máthair mhaith aige.”

“Tiocfaidh sé amáireach le cúnamh Dé,” a déarfadh duine. Aon rud a bhíonn le teacht, tiocfaidh sé “le cúnamh Dé,” agus aon ní a t[h]agann, beirtear baochas le Dia mar gheall air. Aon chabhair a thagann orthu.

“Is é Dia a sheol chughainn é,” nú “cabhair Dé is a ghrásta chughainn.”

“Nár lige Dia dhuit é,” a deirtear le éinní nárbh fhearrde thu é, “go dtuga Dia grásta na foighne dhúinn.”

“Go saora Dia sinn,” nuair a bhímíd i gcontúirt, nú “go sábhála Dia sinn,” nú, “Dia ár saora,” nú “Dia linn.”

“Go gcuire Dia ar ár leas sinn,” nuair a bhímíd a d’iarraidh rogha a dhéanamh.

“Go maithe Dia dhúinn é,” nuair a dheinimíd rud éigin as an slí.

“Cúis gháirí ó Dhia chughainn,” nuair a dheinimíd gáire.

“Dia idir sinn, agus an t-olc,” nuair a tráchtar thar droch-ní éigin.

“Go gcabhra Dia leis,” le duine a bhíonn a chur chun rud éigin duaisiúil a dhéanamh.

“Go mbuanaí Dia tú,” nú “go méadaí Dia thú,” a deirtear ag gabháil baochas le duine.

“Go seirbhí Dia do,” nú “go beannacht Dé leis” [sic], nuair a tráchtar ar dhuine marbh.

“Beannacht Dé dhuit,” a deirtear leat nuair a bhíonn scéal suaithinseach agat á dh’eachtraí.

“Is breá an leanbh é Dia á bheannachadh,” “bail ó Dhia air,” le heagla uirthi.

“Go méadaí Dia bia is daoine chughaibh,” ag baochasú tréis bídh a chaitheamh i dtig.

“Go gcuire Dia i gceann na maitheasa é,” le daoine breoite.

“Go dtuga Dia scéala maith chughaibh,” ag fágaint tí ina mbeadh duine breoite. “Nár agra Dia orainn é,” tréis a bheith ag fonód nú ag déanamh cleas duine, nú “nár leana Dia orainn é.”

“Bíodh do mhuinín as Dia.”

“Níor dhún Dia bearna riamh ná go n-osclódh sé ceann eile.”

“Níor chum Dia béal riamh ná go gcumfadh sé rud éigin le cur ann,” le linn a bheith ag tagairt do lanúin bhocht go mbeadh a lán muirir orthu.

“Is age Dia atá a fhios,” – dearbhú.

The faith¹

An múineadh an t-athair nú an mháthair paidreacha dá gclann?

Ó, múineadh. Bheadh cuid acu faillítheach ann, b’fhéidir. Mhúinidís go léir na paidreacha dóibh, nú phriocadh na leanaí féin suas iad. Bhíodh an teagasc Críostaí á mhúineadh gach aon Domhnach tréis an Aifrinn sa tsáipéal ar feadh uair a chloig ag an máistir scoile, agus b’fhéidir go dtiocfadh an sagart ar feadh tamaill chúthu. Leanaí na scoile a bhíodh ann, ach nuair a bheadh an t-easpag le teacht, bheidís seo ann a bheadh ag dul fé láimh easpaig. Cuid acu nár chuaigh ar scoil riamh. Dhera, ní bhíodh an teagasc Críostaí acu, ach ní bhíodh an sagart dian orthu. Tuataí a thugaidís orthu so. Ní cuirtí aon tuataí fé bhráid an easpaig. Bhídís socair ag an sagart. An lá a chuas fé láimh easpaig, bhí mná móra groí ag dul fé láimh easpaig, agus cleithrí fear. Bhídís ag teacht amach ón Oileán ann, agus bhídís ana-mhór. Bhíodh an chuid ab óige acu timpeall sé mbliana déag an uair sin as san go dtí seacht mbliana déag, agus fiche bliain. Ná raibh fear san áit seo pósta, agus *family* age sara gcuaigh sé fé láimh easpaig. Cuid acu ná téadh in aon chor ann. Bhídís róchríonna, agus bhailídís leo as an áit.

An mbíodh misiúin riamh ar siúl anois, agus aríst anso?

Bhíodh lem chuimhne-se. Tá na bráithre ag teacht riamh ann, is dócha. Is dóigh liom gur bráithre bochta a bhíodh ag teacht fadó, aibíd f[h]ada chrón orthu. Bhíodh *stand* acu ar dtaobh amuigh don sáipeáil, agus fear ag díol phaidríní, agus pictiúirithe ann.

An raibh daoine áirithe timpeall anso a deireadh an choróin sa tséipéal thar ceann an tsagairt?

¹ Tógadh an teideal seo go díreach ó *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 149). Bhí sé aistrithe mar ‘Dilseacht don Mhaighdin Muire’ aige i dtosach na míre.

Ní raibh, mar ní bhíodh an choróin á rá in aon tsáipéal anso, ach amháin nuair a cuirfaí corp 'on tsáipéal, agus is annamh a thiteadh san amach go dtí le déanaí, agus deireadh daoine muinteartha an choróin pháirteach.

Ar chualaís riamh gur dúnadh aon tsáipéal ar aon ócáid?

Chuala go raibh sáipéal déanta ar feadh mí i gCeapach Chloch pé áit go bhfuil sé¹. Le heagla bruíne a dúnadh é. An sagart féin a dhún é. Bhí dhá *pharty* ann, agus bhí eagla ar an sagart go n-éireoidís chuig a chéile ag an aifreann, agus go marófaí duine éigin nú b'fhéidir scata. Bhí fear ann ach go háirithe, agus rug sé leis a mhaide lá Domhnaigh nuair a bhí an dá *pharty* bailithe. Chuaigh sé isteach i ngort.

“An b[h]eirt fhear is fearr ar aon taobh, thagaidís anso chughamsa,” arsa é sin, “níl aon dealramh le sáipéal a bheith gan aifreann,” arsa é sin.

Níor chuaigh éinne isteach chuige. Ón lá san amach, bhí aifreann ann. Bhí dream eile ann, agus ní sháiseodh aon tsagart iad, ach sagart a thabharfadh dóibh pé aimsir a bheadh bhuathu. Ní raibh aon tsagart á sásamh. Ní dh'fhanadh aon tsagart acu. Tháinig sagart óg san áit. Niseadh do mar gheall air sara dtáinig sé in aon chor.

“Tabharfadsa fé, is deanfaidh mé an bheart,” arsa é sin. Chuaigh sé ann, agus Dé Domhnaigh, chuaigh sé ag seanmóin.

“Tabharfadsa dhíbh pé aimsir atá bhuaibh,” arsa é sin, “tagaidh chugham anois tréis an Aifrinn.”

Bhailíodar isteach chuige tréis an Aifrinn.

“Is ea, cad é an aimsir atá bhuaibh anois?” arsa é sin.

“Báisteach,” arsa duine acu.

Scread duine eile acu:

“É, a dhiabhail,” arsa é sin, “cad a dhéanfaidh mo chuid grafa?”

“Stadaídh anois,” arsa an sagart, “níl éinní is fearra dhíbh ná gach éinní a fhágaint fé Dhia.”

¹ Le paróiste an Teampaill Bhig, contae Thiobrad Ára a luaitear an t-aon ‘Ceapach Chloch’ a eascraíonn as cuardach ar logainm.ie

An raibh na Caitliocaithe agus súpanna ag réiteach go maith anso nuair a bhí an dá chreideamh ann?

Bhíodar ag réiteach go maith. Ní raibh aon bhrúonta eatarthu mar gheall ar an gcreideamh anso, ach ní rabhadar róshuaineach i gCeann Trá. Bhí breis mhór súpanna ansan.

An raibh Caitliocaithe agus súpanna á chur in aon uaigh amháin?

Ní rabhadar á chur in aon uaigh amháin, ach bhíodar á chur in aon teampall amháin. Bhídís ag teitheadh óna chéile. Chonacsá an taobh thuaidh don dteampall so thíos, agus ní raibh curtha ann ach cúpla Sasanach, “*turncoats*.”

An turncoats a thugaidís orthu?

Is ea, ar dtúis, Father McCarthy a bhí anso, d’fhiarthaigh sé do m’athair cé a bhaist “*soupers*” orthu.

“Father Alpin a bhí sa Daingean,” arsa m’athair, “*turncoats* a bhí roimis sin orthu.”

An raibh biblereaders ag imeacht anso an uair sin?

Bhíodar ag imeacht, agus bhíodh daoine ag léamh an Chait Bhric¹, agus dh’fhaighidís pingíní airgid nuair a théidís ’on Daingean. Bhí Caitliocaithe anso a théadh ag léamh an Chait Bhric fé thóin. Bhí Tom Mac ‘earailt ar dhuine acu, bhí sé lá ag dul ’on Daingean á leamh, agus chun pingíní a dh’fháil, agus bhí Sean Jack in airde ar thig, i mBaile an Mhuillinn.

“An gcualaís cad a dúirt an *jennet* leis an asal?,” arsa Tom ‘ac Gearailt leis.

“Chuala,” arsa Seán Jack, “chuala go raibh Tom ‘ac Gearailt ina *shouper*.”

Bhailimh sé leis. Nuair a cailleadh Eoghan Bán Connor a bhí san ’leán, bhí sé ina *shouper*. Bhí sé le cur ar an gCill anso amuigh². Tugadh ’on teampall é, agus Connor na Muirí anso thíos, bhí sé ann, agus ní theaspáineadh Connor na Muirí an uaigh dóibh. In aon uaigh amháin a chuirfaí iad. Níor mhaith leis é a dhul san uaigh, toisc é a bheith iontaithe.

An raibh mórán dos na Caitliocaithe pósta age na soupers anso?

¹ “*Colony* ann féin ab ea baile Cheann Trá um lár na naoú aois déag. Bhí ‘an Cat Breac’, is é sin, leabhrán beag a d’úsáidtí le habhairtí simplí Gaelainne ann, le fáil i ngach tigh ann. Bhí sé mar aidhm ag an *Mission Society* Gaelainn a mhúineadh don gcóilín, agus sa tslí sin bhí na *Proselytisers* seo i bhfad chun tosaigh ar an geléir Chaitliceach i gcaomhnú agus cur chun cinn na teangan. Tugadh ‘an Cat Breac’ ar an ngluaiseacht agus mhair a iarsmaí suas go dtí lár na fichiú aoise,” (Ó Lubhaing, 1998: 23).

² I.s. ‘amuich’

Ní raibh puinn. Bhí Caitliocaí pósta le Sasanach ar an Muirígh, agus bhí Caitliocaí pósta le Sasanach ar an mbaile seo, agus bhí Caitliocaí pósta le Sasanach i gCeann Trá.

Conas a chuaigh na póstaíocha san síos leis na daoine?

Níor mhaith leis na daoine é, ná níor mhaith leis an sagart é.

Ar tháinig aon tSasanaigh iasachta ar an áit seo an uair sin?

Tháinig na Williamsaí go Cathair Deargáin. Thiar go Cathair Caoin i bParóiste an Fheirtéaraigh a thánadar ar dtúis, agus thugadar fé mar a thabarfaidís bliain ann, agus thánadar as san go Cathair Deargáin. An ministir agus Lord Ventry a thug ann iad is dócha. Pailitínigh ab ea iad san. Bhí ministir thoir in Abhainn an Scáil, Sweeney. Bhí sé i gcoláiste sagart, agus theip air, agus deineadh ministir do. Bhí sé ag teacht sa teampall so thíos ar feadh i bhfad. Bhí sagart insan áit seo an uair sin, agus dúirt sé le m'athair gur triúr seana-bhan a bhí á gcinneáil suas, Miss Lamb, Miss Broderick, agus Siobhán Ní Mhathúna. Bhí sé istigh ina gceann ná raibh aon bhreith dhamanta go deo orthu, ach a bheith ag iontú daoine.

Fast and abstinence¹

An ndéinidís aon troscadh mór oíche Nollag fadó?

Is cuimhin liom féin go mbíodh ocras orainn oíche Nollag. D'fhaighimís an bricfeast ar maidin, agus ní bhfaighimíst éinní ansan go bhfaighimíst prátaí agus iasc garbh tréis titeam na hoíche – prátaí, iasc garbh, agus praiseach, agus braon té sara raghaimíst a chodladh. Bhíodh béile feola lá arna mháireach ages na daoine, lá na Nollag, agus deireadh na seandaoine ná raibh aon bhéile ab fhearr leo ná an chéad bhéile, is é sin, an t-iasc agus an phairseach.

Deineadh cuid dos na daoine a bhíodh insan ord troscadh gach aon Chéadaoin. Dob fhuirist dóibh troscadh a dhéanamh mar is annamh a bhíodh feoil acu.

Cad a bhíodh acu Aoine an Chéasta?

Cnósach¹ ón dtráigh agus bairnigh ab fhearr leo chun dinnéir an lá san.

¹ Tógadh an teideal seo go díreach ó *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 150).

Penance²

“Caithfimid dul ag faoistine,” “cén sagart atá ag éisteach faoistine?,” “an bhfuil faoistine na Cásca déanta fós agat?, “chuas ag faoistine.”

An dtéidís ag faoistine go minic fadó?

Dhá uair sa mbliain a théadh a bhformhór. Aon uair amháin a théadh cuid eile acu. Théadh a bhformhór ag faoistine nuair a thagadh na *stations* ar an mbaile, dhá uair sa mbliain. Bhí daoine eile ann, a lán acu, agus ba mhaith leo dul ag faoistine, agus chun Comaoine i gcomhair na Nollag.

Chuaigh fear ag faoistine anso babhta, agus bhí sé bliain roimis sin gan a bheith ag faoistine. Chuir an sagart amach bhuaidh é. Bhí bean, agus fear taobh leis, agus b[h]ídís ag dul ag faoistine uair sa mí. Chuadar san ’dtí an sagart, agus d’éist sé a bhfaoistine.

“On diabhal faic déanta agamsa,” arsa an fear eile, “agus a rá go gcuir sé amach me. Ní foláir nú bhí peacaí ar an gcuid eile agus a rá go n-éist sé a bhfaoistine.

An gcuirtí breithiúnachas aithrí poiblí ar na daoine?

Cuirtí. Bhí druncaeir anso fadó, agus cuireadh isteach ar an althóir é aimsir aifrinn, agus bairlín bán air. Bhuaile sé le m’athair ina dhiaidh sin. D’fhiarthaigh m’athair do conas nár chuir sé aon chor do faid a bhí sé ar an althóir.

“Ná bíodh éinne á rá ná go bhfuil *power* age sagairt,” arsa é sin, “ní fhéadfainn cor a chur díom faid a bhíos ann,” arsa é sin.

Seana-Choirce³ é siúd, agus bhí sé ana-thugtha don ól. Tógadh lá sa Daingean é toisc a bheith ar deoch. Thug captaen na bpílears isteach ’on bheairic é. Bhí bean an chaptaein istigh. Bhí sí buídhubh. D’fhiarthaigh an chaptaen [sic] do Sheana-Choirce cén ainm a bhí air. Níor thug sé aon tor air. D’fhiarthaigh sé aríst do é. Níor thug sé aon tor air.

“Ná tabharfá freagra orm?” arsa an Captaen.

“Eist,” arsa é sin, “nuair a chonacsá í sin, ní fhéadfainn mo shúile a thógaint di, a leithéid do

¹ l.s. ‘cnosach’

² Tógadh an teideal seo go díreach ó *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 151).

³ Leasainm ar an duine bog críonna, gan dabht.

bhean comh breá.”

Dh’iontaigh an bhean ar an gcaptaen:

“Dhera, an fear bocht san,” arsa í sin, “scaoil leis.”

Scaoil an captaen leis. Bhí sé go raibh a bhean díolta aige siúd le captaen árthaigh sa Daingean. Bhí an margadh déanta acu nuair a tháinig duine éigin muinteartha don mbean ar an bhfód. Deoch a bhí air gan dabht nuair a dhein se é.

An gcuirtí daoine ’dtí an easpag go Cill Airne chun absolóid a dh’fháilt?

Cuirtí. Cuireadh an fear ó chianaibh ann. B’éigeant do siúl ann, agus siúl as mar gheall ar dheoch. N’fheadar ná gurb é sin uair a cuireadh an bhairlín b[h]án air tréis teacht.

The Blessed Eucharist¹

“Bhí sé chun Comaoine,” – thóg sé Comaoine.

Penance – *ar lean*

Pé breithiúnas aithrí a cuirfear ort, caithfidh tú é a rá mar chúiteamh id pheacaí. Caithfidh tú cúiteamh a thabhairt iontu ar an saol so nú ar an saol eile. Deir siad go gcaithfidh gach aon duine a gheobhaidh bás siúl trí thine na bpian, ach aon tsaghas maith a dhéanfaidh tú ar an saol so, cuirfear romhat an mhaith san anuas ar an dtine chun maolú a dhéanamh uirthi. Deirtear, leis, an bhean ná pósfaidh, nuair a dh’fhaigheann sí bás go gcaithfidh sí siúl trí abhainn mhór ghroí, agus an bhean phósta, béarfai thar abhainn i mbád í.

An bhfuil bóithrín sceach, agus geata cláir idir an saol so agus an saol eile?

Níor chuala go raibh, ach deiridís go raibh bóithrín caol éigin ag dul sa flaithis. “Go dtuga Dia cabhair dom,” a déarfadh seana-bhean, “agus go stiúraí sé sa bhóithrín díreach me.”

Maighréad Bean Mhic Criomhthain: bhíodh paidear age seandaoine a deiridís chun ná tiocfadh tromluí orthu.

¹ Tógadh an teideal seo go díreach ó *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 151).

“Dearna Mhuire, agus chúig ‘ághruíosa’ idir sinn agus bás dorcha na hoíche.”

Cén bhrí atá le cúig ‘ághruíosa’?

N’fheadar, is sin é mar a chuala é, ‘chúig ághruíosa’.

The Blessed Eucharist¹

Cad é an t-aos a bhídís nuair a thógaidís comaoine an chéad uair?

Bhídís cheithre mbliana déag nú mar sin.

An gcaithfeadh an fear a bheadh ar céalacan i gcomhair comaoine tobac?

Ní chaithfeadh, ach tá a fhios agam duine gur thug an sagart cead do.

The Mass²

“An tAifreann, “aifreann na gine, aifreann is fiche,” “Is fearr aifreann romhat ná d[h]á aifreann id dhiaidh.”

Thug sé ofráil aifrinn don sagart. Deirtear leis “thug sé fiacha aifrinn do.” Chuala ó m[h]naoi³ i Rinn Ó gCuanach Phort Láirge, “thug mé intinn⁴ aifrinn don sagart.” “Bhí an tAifreann á rá,” “tá an sagart ag léamh an Aifrinn, “bhíos ag an aifreann,” “tá sé aimsir aifrinn.” “Bhíos ag dul go dtí an aifreann,” “bhíos ag dul go dtí an tAifreann” – tá sé le clos anso ar an dá chuma.

Bhíodh daoine ana-fhiacloch a d’iarraidh go léifeadh an sagart aifreann Luain dóibh nuair a thugaidís sintiúis do chun aifrinn a léamh dóibh ar son duine a bheadh breoite.

Aifreann ard, aifreann na marbh

An mbíodh an tAifreann á léamh sa sáipéal anso riamh?

Bhíodh, ach chuala, sarar tógadh sáipéal Dhún Chaoin, bhíodh sé á léamh i dtig éigin ann. Bíonn

¹ .i., ar lean.

² Tógadh an teideal seo go díreach ó *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 152).

³ l.s. ‘~~bean~~ mnaoi’

⁴ l.s. ‘eidhntin’

aifreann sa tithe lá na *stations*, agus curtar fios ar an sagart uaireanta chun aifreann a léamh sa tig¹.

Cad é an t-aos a bhíodh leanaí sara mbeirtí go dtí an aifreann iad?

Bhídís hocht is a naoi bhliana.

An bhfanadh éinne [istigh] faid a bhíodh daoine ag an aifreann?

Dh'fhanadh duine éigin istigh i gcónaí. B'fhéidir go mbeadh daoine aosta ann ná féadfadh dul 'dtí an aifreann. D'fhanfadh duine istigh ag tabhairt aire dhóibh sin, agus ag féachaint i ndiaidh na mba, agus bheadh an bia ollamh aige nuair a thiocfadh an dream eile abhaile ón aifreann. Mná is mó a dh'fhanadh i mbun an tí anso. Á mbeadh beirt nó triúr ban i dtig, bheadh gach re Domhnach acu, agus bheadh fear an tí agus a chlann mhac gan aon lá ag an aifreann. D'fhanadh fear an tí leis istigh á mbeadh bó bhreuite nó éinní mar sin aige.

Bhí turas maith fada ar chuid de mhuintir na háite seo!

Bhí turas maith ar chuid de mhuintir Pharóiste Múrach, bhí breis agus ceithre mhíle ar chuid acu, ach á mbeadh aon daoine meán-aosta ann, bhéarfaidís capall, is cairt leo, nó bhéarfadh seana-bhean agus seandúine asal is cairt leo. Duine fánach go mbeadh capall iallaite aige. Thagadh a bhformhór ag siúl. Bhíodh daoine ann a bhíodh fáiltheach go leor san aifreann, fearaibh go mórmhór.

An mbíodh bróga orthu fadó ag dul go dtí an aifreann?

Bhíodh bróga ar na fearaibh go léir, ach blianta ó shin, ní chuireadh na mná aon bhróg orthu go dtí go mbídís i ngiorracht don sáipéal, agus bhainidís díobh aríst ag dul abhaile iad. Bhíodh an t-éadach ab fhearr a bhíodh acu orthu.

An mbainfidís díobh iad so nuair a thagaidís abhaile ón aifreann?

B[h]aineadh na daoine críonna go léir dóibh iad, ach b'fhéidir go bhfágfadh na daoine óga orthu iad, mar gheobhaidís sin amach tréis bídh a chaitheamh, agus ní feicfaí go dtí an oíche iad. Bheadh cúram na mba agus cúram an tí ar na daoine críonna.

An raibh sé de nós ann an chéad uair a chuirfeadh duine culaith nódh éadaigh air, í a bheith air ag

¹ “Tá sé seo mar nós i mBrosna, agus i gCiarraí thuaidh ar fad, aifreann príobháideach a léamh sa tig nuair a cailltear duine ann. Curtar an corp 'on tséipéal an tráthnóna roimh lá na sochraide, agus mara mbeidh aifreann nó aifreann ard sa tsáipéal, beidh aifreann príobháideach sa tig ina raibh an duine marbh” – SÓD.

dul go dtí an aifreann?

N’fheadar an raibh sé mar nós ann, ach is sin é an chéad uair a chuirfidís culaith nódh orthu, Dé Domhnaigh ag dul go dtí an aifreann, is é sin, mara mbeadh duine ag pósadh, lá an phósta, an chéad lá a chaithfeadh sé é.

An mbíodh an seál ar an gceann ages na mná nuair a théidís isteach ’on tsáipéal?

Maighréad Bean Mhic Criomhthain: ní bhíodh fadó. Bhíodh an seál siar do mhullach a gcinn, ach bíonn sé aniar ar an gceann anois. Bhíos-sa thíos i bParóiste an Chlocháin turas, agus nuair a ghaibhinn amach, bhíodh an seál ar mo cheann agam, agus b’ait leis na mná thíos é. Ní chuireann siad an seál ar an gceann in aon chor ann.

An atairrigíodh na mná fadó a seál aniar ar an gceann le linn na sácrála?

Maighréad Bean Mhic Criomhthain: Níor thugas fé ndeara é sin riamh, mar ná beifeá ag tabhairt na ndaoine fé ndeara an t-am san.

An bhfanadh na daoine lasmuigh don sáipéal riamh go dtí go dtosnaíodh an tAifreann?

D’fhanadh, ach b’fhéidir go raghadh cuid dos na mná isteach, ach is ar éigean a raghaidh aon fhear isteach go dtí go dtosnóidh an tAifreann. Bheidís bailithe ina ngasraí timpeall an tsáipéil, ag caint go dtí go raghadh an sagart ar an althóir. Ansan, nuair a chífaí an dream ba ghiorra don ndoras, ag dul isteach, ghluaiseodh na dreamanna go léir.

Conas a glaoití isteach chun an Aifrinn orthu?

Thagadh an cléireach ’dtí béal an doiris leis an gcloigín, agus bhuaileadh sé é. Bhí clog ar sháipéal an Bhuailtín, agus bhuailtí é sin, agus cloistí i bhfad ó bhaile é. Ní raibh aon chlog mór ar sháipéal na Carraige. Chuala trácht ar shagart a bhí ann, agus nuair a thagadh sé ’dtí seana-sháipéal na Carraige thuaidh, bhí mórán cloch timpeall an tsáipéil, théadh sé in airde ar cheann dos na clocha roim aifreann. Labhradh sé ansan:

“Mo bheannacht ag an gcur,” a deireadh sé,

“mo bheannacht age aoire an chnoic,

agus mo bheannacht ag coimeádaí an tí,

buailidh isteach anois.”

Deireadh sé é sin gach aon Domhnach.

An raibh aon díol riamh á lorg ar dhoras an tsáipéil anso?

Ní raibh pingíní riamh á bhailiú ag an ndoras anso, ná istigh sa tsáipéal.

An raibh suíocháin ann?

Ní dóigh liom go raibh aon tsuíocháin sa tseana-s[h]áipéal, ach cuireadh suíocháin i ndiaidh a chéile sa tsáipéal nua. Cuireadh fear tí suíochán ann le cead ón sagart, agus ansan, bheadh an áirithe sin á dhíol gach aon bhliain. Punt nú mar sin is dócha.

Cad a dheinidís tréis dul isteach?

Théadh gach éinne ar a ghlúine tréis dul isteach. Dh’umhlaíodh na mná i mbéal an doiris. Lúbaidís a ndá ghlúin beagáinín, agus chromaidís a gceann, agus ansan, théidís ’dtí pé áit gur mhaith leo, agus théidís ar a nglúine ann. Bhíodh taobh ages na mná, agus taobh ages na fearaibh. Ar a leathghlúin a théadh na fearaibh, agus deiridís cúpla paidear, agus ansan, d’éiridís ina seasamh go dtí go dtiocfadh an sagart ar an althóir. Ní dh’éiríodh na mná in aon chor. Théidís go léir ar a nglúine nuair a thagadh an sagart ar an althóir, agus dh’fhanaidís ann go dtí go n-aistrítí an leabhar. D’éiríodh gach éinne ina sheasamh ansan. D’fhanadh gach éinne ina seasamh go dtí go dtógtí an chlúid don gcailís. Théidís ar a leathghlúin ansan aríst. Bíonn na mná ar a ndá nglúin¹ fé, agus fanann sé mar sin nú go mbíonn an tsacráil i leataoibh, agus fanann siad ar a leathghlúin ansan go dtí aimsir na seanmóna. Seasóidh siad go léir ansan, mná agus fearaibh, ach b’fhéidir seana-bhean, má bheadh slí aici, go suífeadh sí ar a tóin ar an urlár, agus go sínfeadh sí a dhá cois bhuaithi amach. Nuair a bheadh an tseanmóin i leataoibh, raghaidís ar a nglúine aríst, agus d’fhanfaidís mar sin nú go mbeadh an tAifreann críochnaithe.

An paidríní nú leabhartha úrnaithe a bhíodh acu?

Paidríní a bhíodh acu leis fadó.

Ar chualaís gur cuireadh moill riamh ar an aifreann d’éinne?

1 l.s. ‘~~glúine~~ nglúin’

Níor chuala.

An raibh daoine ann a bhíodh déanach gach aon Domhnach?

Bhí, ba iad na daoine ba chónagaraí dhon sáipéal iad. Ar chualaís riamh, “an té is giorra don sáipéal, is é is sia ón althóir¹.”

Bhí clog age fear i nGallros, agus bhíodh muintir na Muirí go léir ag faire ar mhuntir an tí sin, féach cathain a gheobhaidís an treo ag dul ’dtí an aifreann.

“Níor ghaibh a leithéid seo an droichead fós, tá ár ndóthain aimsire againn chun an Aifrinn.”

An raibh aimsir aifrinn Dé Domhnaigh uaigneach?

D’áirídís go raibh. Nách aimsir aifrinn a chualadar an clog á bhualadh insa tig seo thiar, mara raibh na sagairt fadó, nuair a bhíodar ar an mbaile seo.

An abaradh² na daoine a dh’fhanadh istigh ón aifreann aon phaidear?

Deiridís an choróin dóibh féin, agus á mbeadh beirt nú triúr istigh, déarfaidís an choróin pháirteach.

Ar chualaís riamh go n-iompaídís a n-aghaidh i dtreo an tsáipéil nuair a bhídís ag rá na corónach age baile aimsir aifrinn?

Níor chuala.

¹ Bhí an seanfhocal seo le fáil as Fraincis i leabhar ón gcúigiú haois déag dar theideal *Les Proverbes Communs*: “Qui est près de l’église est souvent loin de Dieu”(Le Roux De Lincy, 1859: 25), agus dealraíonn sé go raibh sé sa Bhéarla faoi 1564 nuair a tháinig an chéad eagrán de *The Proverbs of John Heywood* amach: “The neer to the church, the further from God”, (Heywood, 1874 : 35).

² .i., ‘deireadh’

208. *Cleachtais chreidimh II*¹

[?].11/12.50

CBÉ, 1178: 567-601

Ar chualaís gur baineadh aon úsáid eile riamh as an sáipéal seachas páidreoireacht

Seán Mac Criomhthain: Bhídís ag deisiú líonta istigh sa tsáipéal so thuaidh tamall, sa tsáipéal nua, agus fágadh an doras oscailte oíche, agus tháinig oíche gaoithe, agus séideadh cuid mhór slinne dho. Cuireadh stop leis an obair sin ansin.

Seán Ó Cochláin²: Díon tuí scolb a bhí ar an seana-sháipéal a bhí ar an gCarraig. Bhí dhá scathán amach as, agus urlár cré dhá dhoras ag dul isteach ann, agus fuinneoga beaga caola ard air. Bhí sé plástaráltha, agus é geal istigh ann. Bhí an scrathín le feiscint bhuit in airde ann mar a raibh aon tsíleáil beag os cionn na haltórach. N’fheadar an raibh aon stól³ ann mara gcuirfá féin saghas éigin ann. Ní dóigh liom go raibh sé plástaráltha in aon chor ar an dtaobh amuigh, agus ní raibh sé geal. Leagadh anuas é nuair a tógadh an sáipéal nódh i gCill Chúile. N’fheadar cad a deineadh leis na clocha a bhí ann. Is dócha gur cuireadh i gclathacha iad.

Seán Mac Criomhthain: Cad is ceart a dhéanamh le ceann sáipéil a leagfaí?

Seosamh Ó Dalaigh: N’fheadar a Sheáin.

Thairrig athair críonna Phatty McDonnell a bhí ar an Imleach, thairrig sé an ceann a bhí ar sháipéal na Carraige, agus choisc a bhean air é. Dúirt sí nár cheart an chrích a chuir ar cheann sáipéil, ach é a dhó. Bhí sí ag síorthathant air gan aon lámh a bheith aige ann. Ní raibh aon tor aici á dh’fháil, agus sara raibh deireadh tairrigthe aige, do briseadh cos an chapail.

An raibh meas speisialta ar aifreann lae Nollag?

Do bhí. Aon duine a bhíodh ábaltha ar éirí in aon chor, théadh sé go dtí an aifreann an lá san. Bhíodh cuid acu ag fágaint an tí ar ghlaio an choiligh. Is cuimhin liom fhéinig é. Bhídís imithe ar an

¹ Is é ‘The practice of religion (ii)’ an teideal atá ar an méid seo lámhscríbhinn, agus tá an méid seo féin ar sheanchas a bailíodh ó Sheán Mac Criomhthain níos luaithe sa mhí chéanna, agus atá ar fáil in bunaithe le fáil in §207 | CBÉ, 1178: 499 – 539.

² Fear 80 bliain d’aois ó Chill Mhaoilchéadair a bhí i láthair.

³ I.s. ‘steól’

chéad ghlaio coileach, agus bhídís age baile leis an ndoircheacht.

An ndeirtí an choróin sa tsáipéal so thuaidh roimh aifreann?

Deirtaí an choróin gach aon Domhnach roimis an aifreann anso thuaidh fadó. Máistir Kennedy a deireadh í. Théadh na mná go léir isteach, agus daoine críonna. Ní théadh gach éinne isteach in aon chor. D’fhanadh na daoine óga amuigh. Ós ag trácht thairis an gcoróin é, tá a fhios agat an bóithrín atha anso thiar agus ag dul síos ’dtí tig na mBakers i gCathair Deargáin. Athair Thomas Eoghain, bhí sé ag teacht ón nDaingean, agus cuireadh an capall síos ansan. Bhí gleann ann, agus níor mhair sé¹ ach cúpla lá. Tamall ina dhia’ san, ghaibh an Cléireach agus a *phony* aniar ann, agus ní mór ná gur maraíodh é. Cúpla lá ina dhia’ san, bhuail sé aníos, agus chuaigh sé ’dtí Peats Mór² i gCathair Deargáin go dtiocfadh sé ag freagairt na corónach, bhí braon óltha aige, go raghadh beirt acu go dtí an paiste ag rá na corónach.

“Caithfidh mé dul ag cnósach phrátaí,” arsa Peats Mór.

“Tabharfaidh mé pluga tobac duit,” arsa e sin, “ach dul in aonacht liom.”

Bhí Peats á chrothadh féin, is ba bheag leis é. Siopadóir is ea an Cléireach i mBaile na nGall.

“Glanfaidh mé amach,” arsa an Cléireach, “an méid atá sa leabhar agam ort.”

“Ana-mhaith,” arsa Peats, “seo leat é mar sin.”

Chuaigh an Cléireach ag gabháilt don gcoróin, agus i lár na corónach istigh:

“Cuimhnigh,” arsa Peats, “é siúd a ghlanadh amach as an leabhar.”

Ní fada eile a chuaigh an Cléireach nuair a dúirt Peats arís:

“Cuimhnigh é siúd a ghlanadh amach as an leabhar.”

Pinginí a bhí ar P[h]eats timpeall a óige is dócha.

¹ ‘Eoghan’ atá i gceist, dar le nóta ó SÓD.

² ‘Baker’ a thugtar le fios i nóta ó SÓD. Tá seanchas eile ar Pheats Mór bailithe ag Seán Ó Dubhda agus é seo le fáil in CBÉ, 1715: 174, cé gurb olc iad peannaireacht agus leagan amach na hiontrála seo sa tslí is gur ar éigean gur féidir mórán a thuiscint as.

Bhí fear ag iascach uair, agus nuair a tháinig sé abhaile, bhí a bhean ar a glúine ag rá na corónach, agus ní fios cá stadfadh sí. Is dócha go raibh ocras air tréis an lae.

“Ná héireofá,” arsa é sin, “agus rud éigin a dhéanamh dom.”

“Lig dom na gnímh seo a rá,” arsa í sin.

“Ó mhuisse,” arsa é sin, “gnímh do chrochta chughat.”

Bhí fear eile ar Ché an Leitriúigh, agus do cailleadh a bhean, agus do phós sé bean eile, agus níor mhaith í. Bhí sé ag iascach, agus d’imigh an spiléar bhuidh. D’fhan sé amuigh ag lorg an spiléar i ndeabhaidh na n-iascairithe ar fad. Chuaigh sé fé bhráid na n-iascairithe, agus chuir sí a thuairisc. Dúradar léi go raibh sé ag lorg an spiléar a chaill sé. Bhí sé ag stádaireacht síos agus suas nú gur ghaibh sé isteach. Sara raibh sé triomaithe in aon chor:

“A Pheaidí,” arsa í sin, “nár imigh do spiléar bhuit.”

Níor thug sé aon tor uirthi, ach do labhair sí go mínáireach an tríú huair.

“A Pheaidí,” arsa í sin, “nár imigh do spiléar uait.”

Do labhair Peaidí ansan.

“D’imigh an rud ba mheasa ná spiléar bhuaim,” arsa é sin, “an bhean ná scaoilfeadh amach ar céalacan me, agus an bhean a bhéarfadh baochas le Dia, nách me féin a dh’imigh.”

Bhuail sí a ceann chúichi, agus do bhailimh sí léi. Níor labhair sí aon fhocal eile. Nár mhíneáireach an ceann í¹.

Lán gad do ghainimh ar tráigh,

nú lán mála do ghaoith aduaidh.

Comhairle a thabhairt do mhnaoi bhoirb,

¹ Tá insint eile ar an méid seo in §249 | CBÉ, 977: 243-244.

nú buille dho ribe ar iarann fuar¹.

Ní raibh aon teora le cuid dos na mná a bhí fadó ann. Is dócha nách cuimhin leat na feircíní. Bhí an lánú so, agus bhí feircín lán acu ullamh le breith ar an margadh. Bhí luathóg age bean an tí in imeall na tine, agus rug sí orthu, agus bhuail sí anuas ar bhéal an fheircín iad, agus fuair sí spíonóg, agus thosnaigh sí ag déanamh *pandy*. Chonaic an fear í:

“Canathaobh nár thógais blúire do?” arsa é sin, “agus gan é a lat.”

“Ní chráfhadh san tú,” arsa í sin.

Maighréad Bean Mhic Criomhthain²: Nuair a bhíodh glór ages na cearca tréis dul isteach ’on chúib istoích, “ag caint ar dhul go hAlbain atá siad” a deiridís, agus nuair a bhídís ag éirí amach ar maidin, ní bhíodh aon trácht thairis acu. Is minic a deirtaí le duine eile a bhíodh ag trácht ar an obair mhór a dhéanfadh sé amáireach: “is é dálta na gcearc é, bíonn siad ag trácht ar dhul go hAlbain istoíche, agus ní bhíonn aon trácht thairis ar maidin acu³.”

Máire an Bhata

Seán Mac Criomhthain: Bhíos ag eachtraí dhuit ar Peeler Connor a bhí sa Daingean⁴. Bhí a mhuintir thoir ar na Dúnta, agus thugaidís airgead bhuathu ar ioncam. Sa baine a dh’fhaighidís féin an t-airgead. Ach d’imíodar as an ndúthaigh. Bhíodh sé ag gabháil timpeall ansan Máire an Bhata, bean siúil ab ea í a bhíodh ag bailiú déirce. Bhuail Peeler Connor léi lá sa Daingean.

“Is ea a Mháire, an bhfuil aon scéal nódh agat?” arsa é sin.

“Tá, mhuisse,” arsa Máire, “scéal nódh agam.”

¹ Bailíodh an méid sin ón gCriomhthanach cúpla bliain roimré, agus é le fáil in CBÉ, 967: 326 mar ar thug Seosamh Ó Dálaigh rabhcán air mar mhír béaloidis. Tá an méid seo ag an Seabhac in *Seanfhocal na Mumhan* i dtaobh an ‘rabhcáin’ chéanna: “Seo thíos an cheathrú iomlán: Adú tine le loch, caitheamh cloch in aghaidh cuain, comhairle a thabhairt do mhnaoi bhoirb, nó buille ribe ar iarann fuar. Nó: lán gabhála de ghainimh trá, lán mála den ghaoith aduaidh, etc. etc.” (2007: 83).

² l.s. “Bean Sheáin Mhic Criomhthain” tríd síos.

³ B’fhiú comparáid a dhéanamh anseo leis an míniú a thug Stiofán Ó hEalaoire ar chaint na gcearc, .i., gur go dtí na Críocha Lochlannacha a theastaigh ó na cearca imeacht de bharr gur ón áit sin a thánadar ar dtús go hÉirinn: “insa tír seo tá sé ráite go ndeireann na cearca lá chéile gach uile threánthóna: ‘Cuireamuid i gcóir sinn féin anois i n-ainim Dé, agus bímuide i n-ár suí go doth ar maidin, mar cathfamuid a dhul abhaile go dí Críocha Lochlainn!’... agus is é an chaint chéanna insa nús céanna é – tá siad ar aigine a dhul abhaile go Críocha Lochlainn i gcúnaí – na cearca – mar cuide dho mhuintir Chríocha Lochlainn isea iad – ach imíonn sé as a gceann nuair a leagann a ngob ar thalamh na hÉireann” (Ó Duilearga, 1981 : 317).

⁴ c.f. §374 | CBÉ, 979: 188-191.

“Dhé! Cad é Maire,” arsa é sin.

“Connors na nDúnta,” arsa í sin,

“Connors an Ioncaim, do chreachadar an dúthaigh,

is do dh’imíodar gan aon chuntas,

agus d’fhágadar na baine ag búirthigh.”

Bhíodh sé siúd thíos ar an Muirígh. Bhí sí ag gabháil síos an cóngar lá, agus bhí cloch mhór i mbarra an chlaí. Ní fhéadfadh beirt fhear an chloch a chuir in airde ar an gclaí. Bhíodh an bata aici i gcónaí. Bhuaill sí an bata fén gcloch.

“Be down,” arsa í sin, “be down, be down,” arsa í sin, “le heagla go mbeifeá im dheabhaidh,” á scaoileadh lé fánaidh.

Cad a thugann tú ar an ngéire éadaigh a chuireann an sagart timpeall ar a mhuineál nuair a bhíonn sé ag eisteacht faoistine?

An stoil.

An bhfuil aon ainmneacha agat ar na baill a bhíonn air, agus é ag léamh an Aifrinn?

Níl, ach ná raibh sé san amhrán?

“Ar maidin Dé Domhnaigh, agus deabhadh orm chuig an Aifrinn,

chuireas orm mo léine, agus m’éide bhreá bheannaithe.”

Sadhfras an t-éadach bán a bhíonn timpeall ar a ghualainn age sochraid. *Soutane* a thugaimid ar an gcasóg fhada a bhíonn air.

Ar chualaís aon ainm ar an scuaib a bhí ag an sagart ag crothadh an uisce coisreac?

‘Ruiséad’ a chuala air. Ruiséad an uisce c[h]oisreac.

Cad é an saghas tí a bhí a bhí ages na sagart ar an mbaile seo?

Bhí tig tuí acu, seomra síos is seomra suas ann, cistin i lár slí. Bhí sé age Sullivan nuair a fhágadar é.

An raibh aon tseomra ann don gcailín a bhíodh acu?

N’fheadar. B’fhéidir go raibh lochta beag air, agus go raibh leaba aici ann, nú b’fhéidir gur sa

tsettlebed. Ní raibh aon aithint ar thig na sagart ó aon tig eile. Capall a bhí acu. Is dóigh liom go raibh dhá chapall acu. Bhí gort ansan thíos ag an sagart paróiste go mbíodh a chapall aige ann. ‘Geata an tsagairt’ a ghlaoid siad ar an ngeata ó shin.

Ní chothaíodh an gort san na capaill dóibh.

Ní chothaíodh, ach dh’fhaighidís a lán féir mar *phresent*.

“*Punch* is beoir ar bord age sagartaibh,
is coirce glan ramhar gan dabht dona gcapaille.
Nuair a théid siad abhaile tráthnóna, ní bhíonn brón ar an aigne,
táimse im chodladh, is ná dúisigh mé.”

Bhí feirmeoirí anso, agus ansúd a thugadh prátaí dhóibh. Is dócha gur prátaí a bhíodh á dh’ithe ages na sagairt comh maith le héinne eile insa tsaol san, ach ana-dhéanach a tháinig an citeal, agus an *tépot* ar an mbaile seo. Sullivan a bhí i dtig na sagart nuair a fhág na sagairt é. Thug Sullivan citeal, agus *tépot* leis, agus bhí fear ar an mbaile dos na Cathaoirigh. Bhuail sé le m’athair lá.

“An fada go rabhais istigh i dtig Sullivan?” arsa é sin.

“Ní fada,” arsa m’athair.

“Chuala go raibh rud tagaithe ann,” arsa é sin, “go raibh gob ar nós na gé air, agus chuala go raibh rud eile tagaithe ann go raibh gob ar nós na lachan air.”

“Tá,” arsa m’athair, “is láidir ná feacaís iad.”

“N’fheadar ná gur fallaí óir atá ar an dtig sin,” arsa é sin.

Bhí fear eile insan áit, agus tréis na citil a theacht, cheannaigh sé ceann acu. Bhuail sé amach, is é ina láimh.

“Hup! Scéal nódh corcán adhairce” a dúirt sé, ag gabháilt amach an doras do.

Ag gabháilt amach an doras, bhuail se in airde ar an bhfardoras é, agus d’imigh an phíp do.

An raibh cíós is rate ar thig an tsagairt?

Diar a bhfeadar a raibh cíós orthu. Thiar i Leataoibh Beag a bhí an cléireach a bhíodh anso acu.

Moran ab ea é, athair Mháire an Chléirigh, agus nuair a thagadh an cléireach san ar na *stations*, ní

haon airgead a dh'fhaigheadh sé, ach a bhricfeast, agus dh'fhaigheadh sé tónacha na bpunann a bhíodh age capaill an tsagairt. Bhí dríofiúr do shagart éigin a bhí anso thiar ar an Seana-Chnoc, agus í ina baintrigh, agus leanaí aici, agus nuair a ghaibheadh an sagart an bóthar, do bhuaileadh sé an capall ag gabháilt thairis an mbotháinín. Ach aon lá amháin, do bhí sí ar an mbóthar nuair a ghaibh sé an tslí.

“A Mháire,” arsa é sin, “conas ’tánn tú?”

“Táim go hatuirseach cráite,” arsa í sin, “in imeall sléibhe, báite¹,
ag beathú mo gharlach,
i gan fhios dom chairde.”

D’athraigh an chaint é mhuis. Bhí se ag tabhairt lámh chúnta léi as san amach a chuala.

Seán Ó Cochláin: Chloisinn máthair mo chéile á rá, mar is ar an mbaile seo a tógadh í, agus a chaith sí a saol, ná tagadh aon lá ar na sagairt a bhí ar an mbaile seo ag cur chnaipí isteach ina gcuid éadaigh, ach Dé Domhnaigh, agus gan aon cheist orthu é a dhéanamh leis. Is iad féin a cuireadh isteach iad a chuala.

Seán Mac Criomhthain: An ndéinidís leanaí a bhaisteadh insa tig a bhí acu ar an mbaile seo?

Seán Ó Cochláin: Is dóigh liom go ndéinidís, ach ní heolach dom éinne a baisteadh ann.

Séan Mac Criomhthain: An bpósaidís daoine insa tig a bhí acu?

Seán Ó Cochláin: Do phósaidís. Do phósadar buachaill bocht a bhí ar an mbaile seo. Chuaigh sé Máirt Inide ag obair ’on g[h]ort, agus phós sé an oíche sin anso thiar.

Seán Mac Criomhthain: Bhí na sagairt ar an Muirígh leis tamall, agus ar an Imleach, ach n’fheadar ab ar an Muirígh nó ar an Imleach is déanaí a bhíodar. Bhí an tAthair Eachthigheirn ar an Imleach. Bhí sagart éigin ar leabaidh a bháis ar an Imleach, agus Peaidí Ó Maoileoin an cléireach an uair sin. B’shin seanuncail do Pheaidí Ó Maoileoin, an cléireach atá anois ann.

Bhí coileach a bhí ar an Muirígh, chloisfá ar an gClochán Dubh ag glaoch é. Siar amach san oíche, dúirt sé le Peaidí dul amach féachaint an gcloisfeadh sé an coileach san ag glaoch. Chuaigh sé

¹ l.s. ‘bháite’

amach, is níor chualaigh. Fé cheann tamaill aríst, dúirt sé leis dul amach féachaint an gcloisfeadh sé é. Chuaigh, agus níor chualaigh. Ach an tríú huair a chuaigh sé amach, bhí an coileach ag glaoch. Tháinig sé isteach, is dúirt sé leis go raibh an coileach ag glaoch.

“Is ea, cabhair Dé chugham,” arsa é sin, “b’fhéi’ go mbeadh an lá agam ag imeacht.”

“Chóir,” arsa Peaidí, “ná beadh aon mheartal ortsa.”

“Táim comh dall leatsa cá ngeobhad,” arsa é sin, “ach ba mhaith liom solas an lae a bheith agam.”

Nár mhór an obair é.

Bhí an tig sin mar a bhfuil Patty McDonnell anois ar an Imleach ages na sagairt, agus bhí an fheirm sin acu. Thug an tAthair Eachthigheirn a dhriofúr ann, agus phós sí sin athair críonna Patty, agus d’fhan an tig agus an fheirm aici féin, agus agena fear. Do bhí Cormac, duine mór éigin ann roimis an Athair Eachthigheirn. *Scotchman* ab ea é is dóigh liom.

Maighréad Bean Mhic Criomhthain: Bhí mo mháthair chríonna ag obair ansan age Cormac, agus Cáit Pheadair, agus bhí capall maide chun éadaigh ag tiormú, agus chuireadar ar aghaidh na tine amach é, agus éadach air, agus nuair a dh’éirigh sí ar maidin, bhí an t-éadach go léir lán d’fhuil¹, agus isteach sa *hall*, agus insa tseomra, agus timpeall ar an áit a bhí Cormac ina chodladh. Nuair a dh’éirigh Cormac ansan ar maidin, dúirt mo mháthair chríonna go raibh an fhuil ann, agus dúirt sé gurb í a mháthair a chosain é, a mháthair a bhí marbh, agus gan aon teacht thairis a bheith aici go bpacálfadh sé fhéin suas anois go raibh sé ag fágaint. Mo dhriofúr Cáit, bhí sí in aimsir sa tig chéanna, agus bhí sí féin agus na leanaí istigh aimsir aifrinne, agus chonaiceadar an duine uasal ag teacht, agus capall iallaithe aige, agus *caroline* air, agus do theitheadar, agus do tháinig sé ’dtí fuinneog na cistean, agus glór ag an iallait a dúirt sí. Ní raibh sé beo in aon chor a dúirt sí.

¹ c.f. §121 | CBÉ, 979: 67-68 do chás eile ina bhfaightear éadaí atá lán d’fhuil.

N’fheadair siad an sagart é nú nách ea, ach do bhí an *caroline* air, agus *caroline* a bhíodh ar na sagairt an uair sin.

Nuair a bhí an tAthair Eachthigheirn ar an Imleach, ceannaíodh sé an t-aoileach ó rudaí bochta na Muirí le leathadh ar an dtalamh. Bhí fear bocht ar an Muirígh. De mhuintir Choileáin ab ea é. Sin é a chuir sé ag leathadh an aoiligh. Thugadh sé pingíní éigin páidh do. I gceann dos na hualaí aoiligh, fuair sé *sovereign*. Ghlan sé é, is chuir sé ina phóca é, is níor thug sé don sagart leis é. Ach chuaigh sé ’on Daingean, is bhí dochtúir sa Daingean, agus rug sé isteach chuige é chun é a shóinseáil. D’fhéach an dochtúir air, is d’fhiarthaigh sé dho cá bhfuair sé é sin. Nis sé dho. Fuair sé scálaí beaga. Thomhais sé é, is chomhairimh sé amach scilling, agus fiche chuige. Giní ab ea é. Níor mar a chéile é sin, agus an fear a bhí i mBaile Dháith. Bhí paiste síol gabáiste aige á chur. Fuair sé leath*sovereign* sa chré. Thóg sé é, is thug sé ’dtí an sagart é. Thóg an sagart é, is chinnibh sé é.

Bhí an ministir ar an Muirígh nuair a bhí na sagairt ar an Imleach. N’fheadar an raibh sé ann nuair a bhí na sagairt ar an Muirígh. Ach bhí *coastguard* i mBaile na nGall, Seoirse Ward¹, agus bhí sé ag teacht ’dtí *prayers* a bhíodh sa tseanascoil a bhí anso thíos. Bhí m’athair ag teacht ón aifreann, agus é sin ag teacht ó *prayers*.

“Is ea, a Sheáin, cad é an soiscéal a bhí inniubh agaibh?” arsa é sin.

“Níl aon soiscéal is mó a bhí againn ná gan aon lámh a bheith sa tsaoire,” arsa m’athair.

“An rud céanna a bhí againne,” arsa é sin.

D’imigh m’athair, is ghaibh se síos chun Gallrois tréis bídh ag lorg asail a bhí imithe bhuidh. Do bhuaill sé an duí aniar ag teacht fé dhéin cothláin rince a bhíodh ar an Muirígh. Bhíodh ana-chuileachta ann, agus bhíodh seandaoine ann ag scéaltóireacht, agus na daoine óga ag rince. É ag gabháilt an duí aniar, do chonaic sé an dá shagart ag gabháilt síos an dinéind ar an Imleach. Chuadar síos, agus bhí gort prátaí acu curtha age lucht scóir. Bhí bearna titithe ann. Chuaigh an sagart paróiste ag tógaint na bearnan, agus sheasaimh an *coadjutor* ag féachaint air. Bhuaill sé aniar, agus

^{1 1} c.f. CBÉ, 1713: 137-141 mar a bhfuil seanchas ag Seán Ó Dubhda ar an bpearsain seo.

nuair a tháinig sé go dtí Port na Muirí, ghlaigh Seoirse air.

“Tair aníos go fóill,” arsa é sin.

Chuadar suas, agus bhí radharc acu ar thig an mhinistir, agus ar a ghairdín. Bhí an ministir thall, agus áras aige, agus *brush* nú scathán, agus é ag crothadh uisce ar na tortha¹.

“Féach thall an diabhal,” arsa é sin, “a dh’ordaigh ó chiannaibh gan aon lámh a bheith sa tsaoire, agus féach é féin ag obair.”

“Dhé!” a dúirt m’athair, “ná cíonn tú thiar sagart na paróiste ag tógaint bearnan.”

“Á, a dhuine,” arsa é sin, “ní mar a chéile. Tá créatúirín ansan go bhfuil prátaí curthu acu ann, agus á raghadh bó nó asal isteach ann, bheidis laitithe, ach an diabhal,” arsa é sin, “ná fágfadh na tortha san fé Dhia, ach ní chífir mise ar an gCill do arist.”

Agus níor chuaigh. Bhí bithiúnach ministir san áit seo, agus na daoine a bhíodh iompaithe, bhídís ag obair thiar i gCathair Deargáin aige. Bhíodh sé thiar acu, agus d’imíodh sé ’on Daingean, agus ghaibheadh sé mórtimpeall², agus thagadh sé de dhroim an chlaí orthu.

“Bail ó Dhia oraibh,” a deireadh sé.

Á ndéarfadís “Dia is Muire dhuit,” bhí beartha ar mhuineál orthu, is iad curtha abhaile.

Mná ubh

Bhíodh mná ag imeacht ag ceannach ubh, agus cliabh ar an drom acu. Bhí beirt acu ar an Muirígh. Ghaibh bean acu anso thíos isteach lá, agus a cliabh aici. Dúirt sí go raibh sí istigh i dtig feirmeora an tseachtain roimis sin. Chonaicís uibhe á chuir in imeall na tine, agus iad á dh’iontú, nú go mbeidís beirithe. Dúirt sí go raibh dhá ubh in imeall na tine. Fuair sí na huibhe ó bhean an tí, agus chomhairimh sí iad.

“Á mbeadh dhá ubh eile agat anois,” arsa í sin, “bheadh an comhaireamh agat.”

Bhí fear an tí ar an gcathaoir, agus a dhá ubh ag cuir allais dóibh in imeall na tine.

“Táid siad anso,” arsa é sin, á dtógaint, is á gcinneáilt dá threabhsar.

¹ .i., ‘toir’

² .i., ‘mórtimpeall’

N'fheadarsa an dtóg sé iad, ach má thóg, is dócha nár chuir sí i dteannta na coda eile iad. Níorbh fhada ina dhia' san gur dhún an banc ar chéad punt leis an bhfear san. Bhí buachaill ann, is phós sé cailín, agus bhí bailíocht inti. Nuair a thánadar amach as an sáipeál:

“On diabhal,” arsa é sin, “nách bean bhalbh tu.”

“Más ea,” arsa í sin, “is leatsa me.”

“On diabhal ab ea mhuisse,” arsa é sin.

Níor ghaibh sé léi in aon chor. B'fhuirist leo scor sa tsaol san.

Theas insa Bhaile Íochtarach a bhí sí, ní fheacaigh éinne riamh lasmuigh í, agus bhí buachaill insan áit, agus thug a dhriotháracha scéala do bhuaithi. Tháinig sé fé dhéin an chleamhnais, agus duine éigint eile in aonacht leis, agus is amhla a bhí an bheirt driothár ar gach taobh don ndoras istigh, agus pící acu, agus nuair a tháinig an bheirt isteach, d'fhiarthaíodar cad a bhí orthu.

“Chualamar go raibh a leithéid seo ag teacht á fuadach so anocht, agus go socróimíst leis,” a dúradar.

Níl aon teora le pointeáil. Bhí sí sin i seomra. Ní fheacaigh an fear óg in aon chor í. Deineadh an cleamhnas, agus do pósadh iad. Óinseach ab ea í. Mná breátha a fuadaítaí.

Station houses¹

Tá na *stations* ar siúl anso riamh is dócha. Bíonn na *stations* ann dhá uair sa mbliain, um Cháisc, agus insa bhfómhar. Bhíodh leabhar ag an gcléireach, agus ainm gach tí ann, agus bhídís ag cur *stations* chúthu i ndeabhaidh a chéile. D'fhógraíodh an sagart Dé Domhnaigh ag an aifreann, d'áiríodh sé an lá agus an tig. D'áiríodh sé *stations* na seachtaine ar fad. Ní bhíodh aon *station* ann Dé Sathairn.

¹ Tógadh an teideal seo go díreach ó *A Handbook of Irish Folklore*, (Ó Súilleabháin, 1942: 156).

Glantaí an tig, agus gealthaí é. Bhíodh tithe ná gealtaí in aon chor, mar ní bhíodh na fallaí plástarálatha istigh ná amuigh¹. Scriostaí an bord, agus na cathaoirí, agus an *dresser*, agus curpad, agus an *tsettle*. Théadh cairt 'on Daingean cúpla lá nua an lá roimis an *station*, agus thugaidís lán an *station* leo, arán bán, té, agus siúicre bán². Gheobhaidís blúire ime in áit éigin, mara mbeadh sé acu féin. Bhíodh leisce ar chuid acu na *stations* é a bheith acu, mar ní raibh acu ach seana-thithe, agus ní bhíodh aon chabhair ban sa tig. Bhíodh a dhóthain aimsire ag gach éinne³ chun an tí a chóiríú mar fógraítí an *station* coicíos roim ré. Bhídís fógartha dhá Dhomhnach sara mbídís ann. Is minic a chuir duine bhuaidh an *station* leis. Cad a déarfá leis an té ar maidin inniubh? Fograíodh *stations* chuige i gcomhair an lae amáirigh. Bhí O'Donnell a bhí anso thall, bhí a bhean breoite, agus do bhí na *stations* fógartha chuige. Do bhí m'athair agus mo mháthair ag dul 'on Daingean an lá roimis sin, agus i mBaile na nÁth a bhí na *stations* an lá san. Tháinig O'Donnell isteach 'on tseana-thig seo thíos go ndéarfadh se leo an gcífeadh sé éinne do mhuintir an Leitriúigh sa Daingean scéala a scaoileadh 'dtí máthair a chéile go raibh a hiníon ana-shuarach. Chuaigh sé go Baile na n-Áth ansan ag cuir na *stations* bhuaidh, agus d'fhiarthaigh Father Éigin don gcléireach cé hé an chéad duine eile gur cheart do iad a bheith aige. Dúirt an cléireach gurb é an Criomhthanach.

“B’fhearr dhuit dul chuige,” arsa é sin, “agus a dh’fhiarthaí dho an dtógfadh sé iad amáireach.”

Chuaigh m'athair is mo mháthair 'on Daingean, is bhí Paddy Sullivan in aonacht leo. Bhí an cléireach ina gcoinnibh aniar, agus do nis sé an scéal dóibh.

“Tiomáin leat,” arsa Sullivan lena athair, “cé a thógfadh amáireach iad?”

“Comh moch is dh’éireoidh sibh,” arsa m'athair, “bídhídh thuas agam.”

Thiomáin sé leis an capall, agus bhíodar ag gabháilt do i dtaobh iad a thógaint. Chuadar isteach go tig Dowd nuair a chuadar 'on Daingean, agus bhíodar á rá ná raibh aon chiall age m'athair, agus iad a thógaint.

¹ l.s. ‘amuich’

² “lump sugar”, a deir fo-nóta ó SÓD linn.

³ l.s. ‘goch héinne’

“A Sheáin,” arsa Dowd leis, “dheinis an ceart, “is é an lá is measa a chífir i rith do shaoil aríst é.”

“Níl éinní is measa liom,” arsa m’athair leis, “ach níl aon ruainne ime agam.”

Ní bhíodh im a dhíol in aon tsiopa an uair sin.

“Ní bheidh aon easpa ime oraibh,” arsa Dowd leis.

Bhí Cnoc an Bhróigín an uair sin age Dowd. Moch go maith ar maidin, bhí iníon Dowd anuas, agus bhí oiread ime aici is a dhéanfaidh cheithre *station*. An té a chuirfeadh suas do *stations*, agus a chuirfeadh bhuaidh iad, ní chuirfeadh an sagart chúthu aríst na *stations*, nú go loirgeoidís aríst é. D’éistíodh, agus éistíonn na sagairt faoistíní. Bhí beirt acu thuas ar dhá thaobh na tine, agus iad suite ar chathaoireacha, agus théadh an baile ar fad nú dhá bhaile an *station* an faoistine chúthu. Nuair a bhíonn cuid mhaith éistithe acu ansan, éiríonn duine dhos na sagairt, agus olaíonn sé é féin chun aifrinn. Deineann an cléireach an [t-]althóir a shocrú. Cuireann sé dhá chathaoir fé dhá cheann an b[h]oird chun é a dh’ardach in airde. Faigheann sé cúpla tón punainne nú gabhál tuí, agus cuireann se ar an urlár é mara mbeidh an sagart ina sheasamh ag léamh an Aifrinn. Téann gach éinne ar a ghlúine ansan nuair a thosnaíonn an tAifreann. B’fhéi’ go suífeadh duine críonna ar an *settle*. Tháinig cath eile ina dhia’ san ar m’athair, agus gan sa tig acu mé féin, agus bhí dríofúr dom pósta sa Daingean, agus do cailleadh í sin, agus chuir an sagart fé ghuí an phobail í, agus an chéad rud eile *stations* a dh’fhógairt go dtí m’athair. Nuair a ghaibh sé¹ amach as an sáipéal, do bhí gach éinne á rá leis iad a chuir bhuaidh. Dúirt sé ná cuirfeadh. Ach i mBaile na nGall a bhíodar ansan lá arna mháireach, agus an cléireach so thíos a bhí mar chléireach ann an uair sin. Ach nuair a chuaigh sé isteach go Baile na nGall, dhírigh bean tí na *stations* air i dtaobh na *stations* a chuir chuige, agus an trioblóid a bhí air, agus gan éinne aige.

“Eist,” arsa é sin, “níor chuaigh sé á gcuir bhuaidh, agus bhí sé comh déanta suas le aon tig gur shiúlaíomair fós air.”

Ach nuair a tháinig na sagairt, bhí m’athair amuigh rompu ag cur fáilthe rompu.

¹ A athair a bhí i gceist aige dar le nóta ó SÓD.

“Tá ana-thrua againn duit, a dhuine bhoicht,” arsa iad san leis.

Ó, téann fear an tí amach fé bhráid na sagart ar maidin i gcónaí ag cur fáilthe rompu. Bhíodh cuideachta leis ar na *stations* acu. Bhí duine aosta thíos ar na *stations* babhta, agus bhí sé ana-thugtha do dhul ag faoistine. Bhí reighleán mór tine thíos age m’athair. D’éirigh sé, agus nuair a bhí sé ag gabháil trasna na tine chun dul ’dtí an sagart a bhí ag éisteacht faoistine, agus é ar a chathaoir sa chúinne. Rug duine ar chasóig air, agus chinnibh sé siar é, agus rug duine eile ar bhun an treabhsair. Thug sé tamall mór ar aghaidh na tine, agus duine á tharrac siar, agus duine ag tabhairt sonc do, agus duine ag breith ar a chliathán, agus insa deireadh thiar, nuair a scaoileadar go dtí an sagart é, do bhí brat allais air ag an dtine.

Dan ‘ac Gearailt é siúd, agus bhí sé naoi mbliana agus cheithre fichid nuair a cailleadh é, agus bhíodh sé go dtí an dá bhliain déanach ag teacht ’dtís na *stations*. Bíonn tine mhór ins gach aon tig maidean na *stations*, agus bhíodh ana-thine fadó ann, mar capaill a bhíodh ages na sagart, agus bhíodh fuacht orthu. Bhíodh dhá bhord ann, bord chun na halthórach, agus dh’fhaighidís bord eile ann ar iasacht. Faid a bhíodh nach éinní á thógaint don althóir, bhíodh an bord eile á ullmhú i gcomhair bhriceast na sagart. Ní dh’itheadh éinne briceast i dteannta na sagart, ach bhíodh fear an tí ag caint leo. Ní bhíonn an briceast acu go dtí go mbíonn airgead na *stations* bailithe ag an sagart paróiste. Léann sé amach ainmneacha na ndaoine, agus téann siad, agus tugann sé an *cess* do. Cúpla scilling a bhíodh á dhíol ages gach aon cheann tí fadó. Tá suas le leath-*shovereign* á dhíol acu anois. Tugann siad scilling is mar sin don gcléireach. Ní bhíodh éinne ag ithe i dteannta na sagart fadó, ach an file a bhí sa mhachaire, an file Husaech. San am céanna go raibh Guistí an Mhachaire ann a bhí sé ann. Tháinig *coadjutor* nódh insan áit, agus nuair a cuireadh ag ithe iad ar na *stations*, labhair an *coadjutor* as Laidean leis an sagart paróiste.

“Gadé mar shaghas duine thusa,” arsa é sin, “athá á chuir ar bord in aonacht linne?”

D’fhéach an file air.

“Is file, agus is diaig mise,” arsa é sin, “atá i ndiaidh na cléire,

agus im chuireadh gan iarraidh, níor chuas riamh ar béile,

marab¹ ionann agus fialaigh géara léannta,
a bhlaiseann gan iarraidh bia gach éinne,
is mar a mheasaim, ní fial a riaraid aon rud².”

“Is ea anois,” arsa sagart paróiste leis an *gcoadjutor*, “an éisteoir?”

Do dh’éist. Nuair a labhair sé as Laidean leis an sagart paróiste, do thuig an file é, mar do bhí an Laidean ag an bhfile a bhuachaill. Féach Father Grffin a bhí anso thiar turas a bhí *stations* anso thíos sa tseana-thig. Bhí sé a d’iarraidh go gcuirfaí ar an mbord m’athair in aonacht leo. Ní dh’itheadh muintir an tí faic go dtí go mbeadh na sagairt ag imeacht. Bhí sagart ón nDaingean mar *coadjutor* ar an mBuailtín thiar. Father Carmody. Bhí sé thíos sa tseana-thig ar *stations* againne, agus tréis na *stations*, ghlaoigh m’athair isteach i seomra a bhí lasmuigh air. Bhí cuma ana-*dhelicáltha* air siúd. Dh’fhiarthaigh m’athair do an ólfadh sé braon fuiscí.

“An bhfuil sé agat?” arsa é sin.

“Tá,” arsa m’athair.

“Tabhair chugham é,” arsa é sin, “níor mhaith liom dul isteach arís.”

“Níor mhaith liomsa é a tharrac duit as chomhair an tsagairt eile,” arsa m’athair.

“Go méadaí thú,” arsa é sin, “is fearr liom ná rud maith é a dh’fháilt,” arsa é sin, “táim ana-*dhelicáltha*.”

“Téir isteach anois,” arsa é sin, “is tairrig don sagart paróiste é, is abair go n-ólais é.”

Chuaigh sé isteach, is do thairrig sé dho é.

“Á, ní ólfad,” arsa é sin.

“Dh’ól Father Carmody é,” arsa m’athair leis.

“Dhé, an fear bocht,” arsa é sin, “tá sé sin *delicáltha*, ach beidh timbléir *punch* agamsa,” arsa é sin, “ag dul a chodladh dhom. Go méadaí Dia thú,” arsa é sin.

Fadó, thugaidís síntiús don sagart a léadh an chéad aifreann, chun an Aifrin a léamh dóibh. Anois, bíonn siad a d’iarraidh an dá aifreann a bheith acu. Tugann siad síntiús don dá s[h]agart anois, ach

¹ “[sic]” mar nóta ag SÓD.

² Tá an méid seo in §222 | CBÉ, 967: 73-74 leis.

is dóigh liom gur don muintir go léir a bhíonn ar na *stations* an tarna aifreann an sagart a léifidh an chéad aifreann ag an *station* inniubh, is é a léifidh an tarna aifreann, agus beidh siad ag malartú le chéile mar sin. Beannaíonn an sagart uisce coisreac sara dtosnaíonn sé an tAifreann. Bheannaíodh na sagairt canna mór uisce coisreac fadó, mar bhí breis na ndaoine ann. Deineann stáinín beag anois iad. Deintaí canna dho fadó, agus d'imíodh sé ar fuaid an bhaile. Nuair a imíonn na sagairt ón dtig, téann an sagart óg ag tabhairt faoistine, agus comaoine go dtís na seandaoine ná féadann teacht ar na *stations*. Tugann an sagart paróiste turas ar an scoil, b'fhéidir, agus caitheann sé tamall ann go dtagann an sagart óg chuige. Nuair a imíonn siad ón dtig, tagann bean an tí, agus cuireann sí fios ar mhná an bhaile chun teacht, agus té na sagart a bheith acu. An té ná tiocfaidh ansan, cuirfear bullóg aráin 'dtí an dtig chuige. Gheobhadh leanaí na scoile dorn siúicre bháin, agus nuair a bheifí ag cur árais tí agus cathaoireacha abhaile 'dtí pé duine¹ go bhfaighidís bhuaidh iad, b'fhéidir go gcuirfaí bullóg aráin bháin nú dorn siúicre bháin abhaile lena gcois. Bhíodh suaineas aigne ar aigne mhuintir an tí nuair a bhíonn na *stations* tharsthu. Bíonn an stábla socair acu i gcomhair chapall na sagart nú i gcomhair dhá c[h]apall má bheadh an dá chapall acu.

Muintir Walker

Walker, an fíodóir a bhí i gCathair Scoilbín, athair críonnna san, níl aon lá ná téadh sé 'on Daingean le úim mhóna, agus tugadh sé úim aiteann ghallach² abhaile leis nuair a bhí sé ag teacht. Thug Séamus Óg tSeancháin³ fé ndeara go raibh an t-aiteann ag imeacht. D'fhair sé lá é, agus chonaic sé é ag breith an aitinn leis. Tháinig sé chuige.

“Tánn tú ansan, a dhiabhail,” arsa é sin.

Stad sé.

¹ ls. ‘dhuine’

² .i., “aiteann gallda”, planda a ndeirtear in *Flóra Chorca Dhuibhne* faoi go bhfuil sé “síorghlas, an-deilgneach, clúmhach, flúirseach i móinte agus ina áiteanna garbha clochacha, in ithir thirim ná fuil cailcreach... chuirte an planda seo go minic mar fhál timpeall na bpáirceanna agus in aice le tithe. Fásann sé go tapaidh ó shíol, agus mura gcoimeádtar faoi smacht é trí ghearrad nó iníor, imíonn sé fiáin: cuirtear foirm le bláthanna dubailte, nach féidir leo síolrú, i ngairdíní. D'úsáidtí “rútaí aitinn” mar chamáin i gCorca Dhuibhne fadó; d'úsáidtí chun tine chomh maith iad, agus choimeádtá na cipíní tirime chun an tine a adú ón ngríosach ar maidin” (Uí Chonchubhair, 1998: 115).

³ “Muircheartach ab ea é”, arsa SÓD i bhfo-nóta.

“Cail do c[h]orrán?” arsa é sin.

“Níl aon chorrán agam,” arsa é sin.

“Cail do ghrafán mar sin?” arsa é sin.

“Níl corrán ná grafán agam, ach mo lámha,” arsa é sin.

“Teaspáin dom conas a a bhainis mar sin é,” arsa é sin

Shéid sé chuig é a bhaint lena lámha fé mar a bheifeá ag tarrac sop féir.

“Bain leat anois é,” arsa Séamus, “ní dh’fhéachfadsa go deo aríst ort.”

Deineadh m’athair cliabh aitinn a phasáilt cosnochtaíthe. Bhí fear dos na Walkers ag obair ar bhóthar Chom Ga. Bhí tobac, ach ní raibh éinní acu a deargódh an phíp. Bhí tig in aice leo, agus bhí seana-bhean insa chúinne, agus faid as so sall go dtí an bord do mhaide aici ar eagla go dtiocfadh éinne ag triall ar aon spré. Bhí dhá chleithire mic, agus ní rabhadar ag obair ar an mbóthar, pé áit go rabhadar an lá so. Ach do bhí an mhuintir a bhí ag ól tobac ach go háirithe ana-chráite ná raibh aon spré acu.

“Raghadsa isteach,” arsa Walker, “agus tabharfaidh mé spré chughaibh.”

“Tá eagla orainn,” arsa iad san, “ná rithfidh leat, go bhfaighidh tú an maide.”

Chuaigh sé isteach, is chrom sé ar a bheith ag gearán, shín sé trasna na tine. Dúirt sé go raibh stróc tinnis ina bholg, agus gur dócha go raibh sé caillte. Bhí sí ag déanamh ana-thrua do, agus é istigh sa leabaidh sa chúinne, agus d’fhiarthaigh sé dho cérbh é féin, agus cad as é. Dúirt gur Broisníchin ó Bhaile Dháith é. Ach bhí sé á shocrú féin, agus á socrú féin go bhfuair sé greim ar fhód a bhí sa tine. [D]á fheabhas a bhí sé, bhí sí róthapaidh do, thairrig sé le stiall don maide air. B’éigeant do an fód a ligeant uaidh, ach chaith sé isteach ’on leabaidh uirthi é. Las an leabaidh. Aon ionadh mór, níor deineadh luath dhi istigh sa leabaidh, pé slí a tháinig sí amach as. Ach nuair a tháinig an bheirt mhac abhaile, d’eachtraigh sí dhóibh an seans a bhí fachta aici óna leithéid sin. Seo leo go dtí an *ngang* a lorg Bhroisníchin chun socrú leis. Chaitheadar stad. Ní raibh a leithéid ann. An Board of Work a bhí ag déanamh an bhóthair an uair sin. Sin é nuair a deineadh an bóthar san siar. An Seana-Mhám a bhí roimis sin ann. Le piseoga a bhí an tseana-bhean ag cosaint na tine.

Gaoth aniar aduaidh

“Gaoth aniar aduaidh,” arsa an mairnéalach, “agus gan fáil ar a mhalairt,
cuirim m’achainí chun Rí na nGrást,
sinn a bhreith slán ar an dtalamh.”

Sin í an ghaoth is measa ar an bhfarraige, an ghaoth aniar aduaidh.

Seanchas ar shagairt

209. Na trí leathchorónacha a fuair an sagart¹

[?].7.44

CBÉ, 936: 572-574

Contractor bóthair a bhí thíos insa Leitriúch an té a bhí á dh'eachtraí dhom. Dúirt sé ná raibh aon fhocal bréige ann. Bhí sé ag briseadh chloch ar an mbóthar maidean, agus chonaic sé an sagart ag gabháil chuige, agus capall iallaite aige ag dul ar *stations*. Nuair a bhí sé tamall bhuaidh, tháinig sé anuas don gcapall, agus d'ísligh sé síos ar an mbóthar. Nuair a tháinig sé 'dtí fear na gcloch a bhriseadh, d'fhiarthaigh sé dho.

“An bhfeacaís an áit a stadas anois?” arsa é sin, lé fear na gcloch a bhriseadh.

“Chonac,” arsa é sin.

“Imigh ort anois,” arsa é sin, “téire go dtí an bpaiste sin, agus tá trí phíos leathchrónach ann,” arsa é sin, “a chaill duine éigint. Is fuiriste dhuit iad a dh'fháilt,” arsa é sin, “mar chuireas cloch anuas orthu.”

D'imigh mo dhuine bocht, agus do chuaigh sé go dtí an bpaiste, agus do thóg sé an chloch, is cad a bhí thíos fén gcloich, ach trí cinn do dharadaoil. D'fhan an sagart go dtáinig sé. Níor mhaith an stiúir a bhí fé, ní nách ionadh dho. Ach nuair a tháinig sé:

“An bhfeacaís iad?” arsa é sin.

“Ha, á, a athair,” arsa é sin, “níorbh éinní liom éinne a bheith ag magadh fúm ach tusa a bheith ag magadh fúm.”

“An dtógais an chloch?” arsa an sagart.

“Thógas,” arsa é sin, “ní raibh thíos fé² ach trí cinn do dharadaoil.”

Bheir an sagart baochas le Dia nár thóg sé iad. Bhíodar ina dtrí phíos leathchrónach nuair a chonaic sé iad.

“Tá sé do theist ar shagairt,” arsa é sin, “go bhfuil siad ana-shainteach chun airgid¹. Is dócha

¹ “Féach a gheobhaidh rud chughat a chuirfidh scéal eile i gcuimhne dhuit” mar réamhrá ag Seán Mac Criomhthain mar réamhrá leis an méid seo “nuair a ghaibh dardaol trasna agus do shatail sé air chun é a mharú” – SÓD.

² Nóta lámhscríbhíne anseo ag SÓD ag cur in iúl gur 'fúithi' ba cheart a bheith ann.

gurb é an t-áirseoir a chuir romham iad,” arsa é sin, “féachaint an dtógfainn iad. Ach bí ansan romhamsa siúráltha,” arsa é sin, “nuair a bheidh mé ag teacht ós na *stations*.”

Bhí sé roimis. Chuir sé lámh ina phóca, is shín sé trí phíosa leathchorónach chuige.

First cousin do m'athair, mhuisse, a bhí á dh'eachtraí sin dom, Lóndrach aníos ó Chill Choimín, tá timpeal lé deich mbliana ó shin. Bhí sé críonna. Tá sé caillte lé fiche bliain nó as a chionn.

¹ Móitíf na cléire saintí, c.f. MI A1370 “origin of mental and moral characteristics.”

210. *An sagart ag fáil bháis san oíche*

25.2.45

CBÉ, 968: 31-33

Bhí sagairt ar an Imleach fadó, agus do bhí cléireach acu. Ní mór ná gur cuimhin liom fhéin an cléireach. Do mhuintir Mhaoileoin ab ea é. Do bhuail an sagart breoite. Do bhí sé ag dul chun báis. An cléireach a bhí ag tabhairt aire dho. Ach bhí sé ana-shuarach aon oíche amháin. Bhí coileach thíos ar an Muirígh age *minister* a bhí ann. Chloisfeá dhá mhíle ó bhaile é nuair a ghlaodh sé. Siar san oíche a dúirt sé leis an gcléireach dul amach féachaint an gcloisfeadh sé an coileach san ag glaoch. Do chuaigh, agus níor chuala. Dúirt sé leis fé cheann tamaill dul amach aríst. Do chuaigh sé amach an tarna huair, agus níor chuala. Ach i gcionn tamaill eile, dúirt sé leis dul amach, agus do chuaigh, agus chuala sé an coileach ag glaoch. Do tháinig sé isteach, agus dúirt sé leis an sagart go raibh an coileach ag glaoch.

“B’fhéidir lé Dia,” arsa an sagart, “go mbeadh an lá agam ag imeacht.”

“Ba chóir,” arsa an cléireach, “ná beadh an cheist ortsa gadé an t-am a dh’imeofá.”

“Táim comh dall leatsa ar cá ngeobhad,” arsa é sin, “ach ba mhaith liomsa an lá a bheith agam.”

211. *An sagart agus an máistir scoile ar lóistín*

12.11.44

CBÉ, 966: 134-136

Máistir scoile, agus sagart, bhíodar ar lóistín i dtig feirmeora. Ach maidean a dh'éirigh an máistir scoile roimis an sagart, bhí bean an tí ag eachtraí dho ar thaibhreamh a deineadh aréir di.

“Dhera,” arsa an máistir scoile, “ná tabhair aon ghéilleadh do thaibhrithe. Níor deineadh aon taibhreamh riamh domhsa,” arsa é sin.

Ach bhí an sagart ag éirí, agus chualaigh sé an chaint ar siúl. Ach nuair a tháinig an sagart, d’fhiarthaigh sé cé hé nár deineadh aon taibhreamh riamh do.

“Mise,” arsa an máistir scoile.

“Níor shiúlaigh an t-aingeal coinleachta riamh coiscéim in aonacht leat,” arsa é sin, “ní mór ná go ndeintear taibhreamh domhsa,” arsa an sagart, “gach aon oíche sa mbliain.”

Ach nuair a bhí a bhriceast ite ag an sagart, d’imigh sé, is chuaigh sé go dtí driotháir don bhfeirmeoir a bhí tamall bhuathu, is d’fhiarthaigh sé dho an dtabharfadh sé lóistín do.

“Dhera, do thabharfainn,” arsa an feirmeoir, “agus míle fáilte, ach cad a thit amach idir tú féin agus mo dhriotháir?”

“Níor thit éinní,” arsa é sin, “táim ana-bhaoch dod dhriotháir, ach ba mhaith liom seoinseáil tamall.”

Ach fuair sé an lóistín, agus níorbh fhada ina dhia’ san gur imigh an máistir scoile. Níorbh fhada a bhí sé imithe nuair a tháinig post lé dhá leitir, leitir go dtí an bhfeirmeoir, agus leitir go dtína bhean. Nuair a tháinig an teachtaire leis na leitreacha, bhí an feirmeoir ag cuir fomhair lé cruach mhóna tamaillín ón dtig. Shín sé an leitir go dtí an bhfeirmeoir, is comh luath is fuair an feirmeoir í, d’oscail sé í. Ghlaigh sé aríst ar an dteachtaire.

“Ní chughamsa an leitir seo in aon chor,” arsa é sin, “ach go dtím bean.”

Thug sé an leitir eile ansan do. D’oscail sé an leitir eile. Bhí an máistir scoile ag fáilt baochais leis a fheabhas a bhí sé dho, ach ní hé sin a bhí i leitir na mná, ach go raibh ártach ullamh anois i

gQueenstown i gcomhair a leithéid sin do lá, agus ligeant di í féin a dh'fháilt ullamh comh tapaidh is d'fhéadfadh sí. Tháinig an feirmeoir isteach. Níor labhair sé aon fhocal, ach chuaigh sé 'on tseomra, is nuair ab am do a bheith ag teacht as an seomra, ní raibh sé ag teacht. Ach osclaíodh doras an tseomra. Is amhla a bhí sé thuas marbh is a scornach gearrtha aige lé rásúr. Ní raibh an abhainn i bhfad bhuathu. D'imigh a bhean is bháigh sí í féin san abhainn. D'imigh an scéal ansan go gcualaigh an máistir scoile é i gQueenstown. Fuair sé *revolver*, agus lamhach sé é féin.

Sin é nuair a dh'eachtraigh an sagart don bhfeirmeoir gurb shin é an taibhreamh a deineadh don mbean, agus go raibh sí á dh'eachtraí don máistir scoile an mhaidean san.

212. *Cimeád an bóthar díreach*¹

15.8.45

CBÉ, 977: 334-338

Bhí baintreach ann fadó a bhíodh ag siúl roimpi. Bhí triúr mac aici. Bhíodar ag an aifreann lá Domhnaigh, ach nuair a bhí an sagart ag seanmóin, dúirt sé nár bhaol d'aon duine a chinneodh an bóthar díreach. Ach tréis an Aifrinn, dh'imíodar orthu, í féin is an triúr garsún. Thánadar go dtí bóithrín go raibh pluda an domhain ann. Bhí claí leathan taobh leis go raibh cosán ag gabháil tríd. Do chuaigh sí féin agus an bheirt óga in airde ar an gclaí. Do shiúlaigh an garsún críonna tríd bhóithrín na lathaí², agus pluda 'dtína ghlúine air.

“Cad é an neamh-meabhair athá ort,” arsa a mháthair, “ná tiocfadh anso aníos, is gan a bheith ag siúl tríd an bpluda san?”

“A mháthair,” arsa é sin, “nár chualaís cad dúirt an sagart, aon duine a chinneodh an bóthar díreach nár bhaol do, is cinneodhsa an bóthar díreach,” arsa é sin.

Níorbh fhada go dtáinig an sagart suas leo, agus capall iallaite aige.

“Dhera a gharsúin, ná raghfá in airde ar an gclaí,” arsa é sin.

“Ná dúirís ó chianaibh,” arsa an garsún, d'fhéach sé air – “éinne a chinneodh an bóthar díreach nár bhaol do.”

Bhí an mháthair i ndrom an chlaí. Labhair an sagart leis an máthair.

“An leatsa an garsún so?” arsa é sin.

“Is liom,” arsa an mháthair.

“B'fhearra dhuit é a scaoileadh chughamsa anois,” arsa é sin.

“Ní haon chabhair duitse é,” arsa an mháthair.

¹ c.f. AT 915 A The Misunderstood Precepts. A dying father gives advice to his son. c.f., leis, TIF 1833. The Boy Applies the Sermon, mar a dtugtar an achoimre seo a leanas: “as well as stories of the standard humorous type, there occurs in Ireland a religious tale, which belongs to this category. It tells how a simple boy followed the ‘straight road’ home from church, after hearing the priest advise his flock to follow the straight road in life; later the boy held conversations with holy pictures in the priest’s house”.

² l.s. “tríd a’ mbóithirín na lathaí”

“Bhuel, scaoil chugham é,” arsa an sagart, “is fearr a bheidh sé chuinn ná a bheith ag imeacht in aonacht leatsa.”

Dúirt sé go ndéanfadh. Stiúraigh sé ansin í cá raibh an tig, is gabháil chun an tí. Do ghaibh, is bhí an t-ordú fachta ag an mbean tí nuair a thiocfaidís, iad a scaoileadh isteach, agus bia a thabhairt dóibh. Nuair a thánadar go dtí an doras, scaoil bean an tí an tsagairt isteach iad, agus do fuaireadar a ndóthain le n-ithe agus le n-ól bhuaithi. Nuair a bhí a bhricfeast ite ag an sagart ansan, tháinig sé amach chúthu.

“Is ea,” arsa é sin, “an bhfuileann tú toilteanach leis an ngarsún a dh’fhágaint agam?”

Dúirt sí go raibh. D’fhiarthaigh sé don gharsún ansan an raibh sé sásta le fanacht. Dúirt an garsún go raibh. Do níodh is do glanadh an garsún, is do deineadh suas go maith é. Cuireadh i seomra leis féin ansan an garsún. Ach do cuireadh bia isteach chuige, agus ní dh’fhaightí aon phioc don mbia spártha ina dhiaidh. Ach do bhí pictiúir na Maighdine Muire sa tseomra, agus bhí an cailín, bhí sí ag faire air, agus chonaic sí ag cuir leath a chuid bídh ’dtí an bpictiúir é. Dúirt an sagart go raibh an garsún ag dul as, gur dócha ná raibh sé ag fáil a dhóthain le n-ithe, agus dúirt an cailín go raibh sí ag cuir cuid mhaith bídh chuige, ach go bhfeaca sí é ag cuir a leath go dtí an bpictiúir.

Lá arna mháireach ansan, nuair a bhí sí ag tabhairt bídh do. Dúirt sí leis an sagart é, an bhféadfadh sé dul agus é a dh’fhaire. Chuaigh an sagart, agus bhí sé ag féachaint trí pholl an ghlais air, agus chonaic sé é ag cuir leath a chuid bídh go dtí an bpictiúir. Tháinig sé go dtí an gcailín arís, agus d’fhiarthaigh sé dhi an bhfaigheann sí an bia ag an bpictiúir. Dúirt an cailín ná faigheadh. D’fhan mar sin go gceann tamaill mhór ach i gcionn áirithe aimsire, do labhair an pictiúir leis.

“Tabharfaidh mé cuireadh dinnéir duit,” arsa an pictiúir leis, “an bhfuileann tú sásta le dul ann?”

“Má dh’fhaighim cead ón sagart,” arsa é sin.

“Féadfaidh tú cead a lorg ar an sagart,” arsa í sin.

Chuaigh sé go dtí an sagart, agus do nis sé an scéal do, agus d’fhiarthaigh sé dho an ligfeadh sí ar an ndinnéar é.

“Téire go dtí an bpictiúir arís,” arsa an sagart, “agus fiarthaigh do an ligfeadh sí an sagart in aonacht leat.”

Ach dúirt an pictiúr go ligfeadh. Tháinig sé go dtí an gcailín ansan, agus dúirt sé léi leaba mhaith a bheith ullamh aici, agus éadach maith a bheith ar an ngarsún, léine ghlan a bheith air. Chuaigh an sagart agus an garsún in aon leaba amháin i dteannta a chéile an oíche sin. Ar maidin lá arna mháireach, nuair a hosclaíodh an doras, d’imigh an dá cholúr ghléigeal an doras amach¹. Bhí an sagart agus an garsún caillte sa leabaidh. Ba dheas an dinnéar é.

¹ c.f. móitíf MI D 350.

213. *An sagart agus ceol na bhflaitheas*¹

[?].1.46

CBÉ, 979: 157-160

Sagart ab ea é, agus ní raibh éinní ina cheann riamh, ach go mb'fhearr leis go gcloisfeadh sé ceoltha na bhflaitheas sara gcaillfaí é. Bhí sé lá, is bhí an cailín ag fáilt an dinnéir ullamh.

“Raghadsa amach 'on ghairdín anois,” arsa é sin, “is beidh mé istigh i gcionn leath uair a chloig.”

Chuaigh sé amach 'on ghairdín. Bhí sé ag léamh a leabhair. Níorbh fhada gur chuala sé an ceol breá as a chionn. D'fhéach sé in airde, is chonaic sé éan in airde insa chrann. Níor chuala sé aon aoibhneas riamh go dtí an ceol a bhí aige. Ach nuair a bhí an dinnéar ullamh, ní raibh sé ag teacht isteach. Chuaigh an cailín amach ar a thuairisc. Ní raibh aon tuairisc age éinne air cá ngaibh sé. Bhíodar ag cuimhneamh gurb amhla a dh'imigh sé chun na farraige is go mbáigh sé é féin is a rá ná raibh aon tuairisc ag éinne air. Ach i gcionn trí chéad bliain is ea a thug sé fé dhul isteach. Bhí an doras dúnta is an glas air. B'ait leis cad a bhí éirithe dhóibh, a ghiorracht a bhí sé amuigh. Chnag sé an doras ansan. Nuair a dh'oscail an cailín an doras, tháinig scanradh uirthi, ach a bhfeaca sí é. Thit sí istigh. Chaith sé í a thógaint. Tháinig sí chúichi féin.

“Cad a dh'imigh ar an áit seo,” arsa é sin, “ó ghaibheas amach?”

Chualaigh an sagart an chaint, agus tháinig sé.

“Cad a dh'imigh ar an áit seo,” arsa é sin, “ó ghaibheas amach? Ar ndóthair, nílím imithe amach, ach uair a chloig.”

“Á,” arsa an sagart paróiste, “léas mar gheall ort, conas a bhí nuair a chuais amach?” arsa é sin.

“Ní raibh im cheann riamh,” arsa é sin, “ach go gcloisfinn ceoltha na bhflaitheas sara

¹ c.f. AT 471 A The Monk and the Bird: “Years seems moments while man listens to song of bird [D2011.1]”. Ní luaitear aon leagan a bheith in Éirinn sa bhfoinse seo. Tá sé áirithe, má tá, faoi TIF 471 The Bridge to the Other World, scéal a luaitear cúpla leagan de a bheith ann, agus gurb é seo a leanas an achoimre a tugadh ar leagan Mhic Criomhthain: “a monk spends three hundred years listening to the song of a heavenly bird, thinking that the time has been only a few hours”.

gcaillfaí mé. Le linn me a dhul amach,” arsa é sin, “seinneadh an ceol as mo chionn,” arsa é sin, “ar an gcrann. D’fhéachas in airde, agus chonac an t-éan in airde sa chrann. Is dócha nár chualaigh éinne riamh a leithéid do cheol le breáthacht.”

“Mise an cúigiú sagart paróiste anso,” arsa é sin, “ó ghaibhis amach. Tá trí chéad bliain ó ghaibhis amach,” arsa é sin.

Dúirt sé leis dul ’on leabaidh ansan. Chuaigh sé ’on leabaidh, is d’ullmhaigh sé chun báis é. Cailleadh ansan é. An dóigh leat ná go raibh aoibhneas sa c[h]eol?

Bhí an mháthair ag cuir síos dona mac ar aoibhneas na bhflaitheas agus na ceolta.

“Is ea mhuis,” arsa an mac, “más áit na flaithis ná fuil faic ann ach ceolta,
conas a gheobhadh bolg bocht folamh aon spórt ann,
b’fhearr liomsa fothram nú posta go mbeadh feoil ann,
ná a bhfuil d’aingil sa flaithis a bheith ag screadadh a gcuid ceolta.
Éist a chailligh, is ná habair níos mó é,
is nuair a raghaidh tú insa flaithis,
nár chasa tú beo as.”

Dhera, ní fiú dhuit é sin a scríobh síos. Ná fuil sé sin age madraí an bhaile?

214. *An sagart óg agus na bithiúnaigh*

[?].7.44

CBÉ, 936: 566-569

Áit fé mar a bheadh barra Bhaile na nGall, bhí bithiúnaigh ann, agus bhí téad acu, agus is amhla a chuiridís éinne a gheobhadh an tslí leis an bhfaill. Éinní a bhíodh ar iompar ansan aige, é a thógaint bhuaidh. Níl aon bhaol ná go mbeadh sé marbh nuair a cuirtaí síos leis an bhfaill ard é. Ach chuaigh glaoch ola fé mar a raghadh sé ó Bhaile na nGall ag triall ar an sagart. Bhí sagart óg tagaithe. Ní fada a bhí sé tagaithe. Ach nuair a tháinig sé, dúrthas leis go raibh glaoch acu óna leithéid sin do bhaile, is go raibh sé comh maith aige fanacht go dtí maidean anois, mar go mbeadh an oíche aige ag gabháilt tríd an áit sin, is go gcuirfeadh na bithiúnaigh leis an bhfaill é. Dúirt sé go dtabharfadh sé fé, is bhíodhas ag síorthathant air gan dul, ach fuair sé a chapall iallaite, agus do scaoil sé fé. Nuair a bhí sé ag déanamh ar an bpaiste, chonaic sé iad. Do labhair sé leo, agus san am gur stad sé, thit an téad bhuathu, agus do chaitheadar ar a nglúine iad féin ag lorg maitheachas. An dóigh leat ná gur misniúil é?

“Comhairle, tugaim díbh,

Gan aon f[h]earg óm chroí,

A ghasra na ngnímh éachtaigh,

ligídh don olc,

atá lé fada úr lat,

agus leanaídhse comhairle an Aon Mhic.

Féachaídh cár thríall

gach ar imigh romhaibh riamh,

foinn agus fianna Éireann.

D'imíodar romhaibh,

fé mar a bheadh leoithne don gceo,

agus táid siad ar feoidh age daolaibh.
Cuimhnídh aríst,
ar bhearta agus ar bhaois,
ar dheas agus ar dhíthchéille,
mar tiocfaidh Mac Dé,
agus a choisle¹ léna thaobh,
chun ár n-anam bocht go léir do mhúscailt.

Is suífidh sé amuigh,
ar mhaoilinn an chnoic,
fí bhun na croise céasta,
beidh a leabhar aige ina láimh,
agus léifidh sé go hard,
cuntas clann Ádhamh is Éabha.

Tiocfaidh aduaidh,
go beannaitheach fuar,
leamhain agus sluaite péiste,
scriosfaid leothu síos,
go hifreann na neimhe,
gach anam ar a ndroim a daorfar

Silfidh sibh go bog,
deoracha rosc,
agus goillfidh sibh go docht éigean,

¹ c.f. ‘cuisle²’ in FGB, foinse a thugann le fios gurb ionann ‘cuisle’ agus leagan malartach de ‘coiste’.

screadfaidh¹ sibh ansúd,
ar fheadar óna n-úl,
Chun sealad a thabhairt úr saoradh.

Tiocfaidh aneas,
go beannaithe ár measc,
sí anair na dtreabh naofa.
Raghaidh sí ansúd,
ar chealg a dhá ghlún,
ag achairt ar an bprionsa naofa.

Níl breitheamh insa chúirt,
is treise dar linn
ná an bhanarthla mhiogail mhúinte bhéasach
is geobhaidh sí ansúd,
aithne súil,
ón mac go dtug² sí siúd cliabh do.

Thit an téad bhuathu, is chaitheadar ar a nglúine iad féinig.

¹ l.s. 'sgreadfai'

² l.s. 'dtuig'

215. *Mo chráiteacht mar is álainn é an rachmas*

7.1.45

CBÉ, 967: 179-180

Bhí fear bocht fadó ann fadó, agus ní raibh aon tslí bheatha aige, ach capall a bhí aige, is bhíodh sé ag tuilleamh leis an gcapall, agus chuaigh sé maidean 'on cheártain. Lé linn é a dhul 'on cheártain, tháinig feirmeoir, agus fuair an feirmeoir tosach air, agus deabhadh maith ar an bhfear bocht chun dul ag tuilleamh léna chapallín. Nuair a bhí an feirmeoir ullamh, do thairrig an fear bocht isteach a chapall, agus nuair a bhí sí tairrigthe isteach aige, tháinig an sagart. Cuireadh amach capall an duine bhoicht, agus tugadh isteach capall an tsagairt, agus do *brusháladh* é, agus do deineadh crú dho, agus bhí an duine bocht ina sheasamh. Cuireadh an crú fé chapall an tsagairt.

“Mo chráiteacht,” arsa an fear bocht, “mar is álainn é an rachmas,
agus máistir breá sagairt gan dabht,
sa cheártain nuair a dh'fhágann sé a chapall,
cuirtear an t-ard go cneasta ina bhonn.

Seán bocht ina stráille cois falla,
ag cuir allas dá bhathas go fann,
mar sa cheártain seo is ea a dh'fhágaimse mo mhallacht,
mar dh'fhág Pádraig age sliocht mhagaidh an domhain,” ag bualadh an dorais amach.

Lean an sagart é. Do rug sé ar ghualainn air. Do thug sé isteach aríst é. Dúirt sé leis an ngabha crú a bhaint ó na capaill, agus é a chuir fé chapall Sheáin. Nách mór mar a chorraigh sé é.

216. *Airgead ubh agus airgead sagairt*

[?].1.48

CBÉ, 1035: 264-266¹

Chuala ná raibh aon airgead ba rathúla ná airgead ubh chun dul ag ceannach aon rud. Pádraig Mór a bhí anso, m'athair críonna, bhí na capaill ag fáil bháis air. Bhí na sagairt ar an mbaile seo an uair sin. Ní raibh sagairt comh teaspúil an uair sin is táid siad anois, bhí airgead tógtha ag an sagart ó Phádraig Mór, agus bhí sé ag dul ar Aonach an Oileáin ag ceannach capaill. Tháinig an sagart chuige.

“Is dócha go mbeir ag dul ar an aonach,” arsa é sin.

“Beidh mé a athair,” arsa Pádraig Mór.

“Is ea, tabharfaidh mé duit do chuid airgid,” arsa é sin, “teastóidh se uait.”

Thug sé dho an t-airgead.

“Ná cuir aon phingin do san,” arsa é sin, “ag ceannach do chapail. Féadfair a mhalairt a dh'fháilt.”

“Ná raibh ana-shaint ormsa a athair,” arsa Pádraig Mór, “do chuid airgidse a bheith agam, ná raibh an seans orm, go mbeadh sé ana-rathúil.”

“Níl sé rathúil in aon chor,” arsa é sin.

“Canathaobh é sin?” arsa an fear eile.

“Ní ón gcroí a thugann daoine bhuathu é,” arsa é sin, “agus níl aon allas ann.”

Ach do chuaigh sé ar an aonach, agus do cheannaigh sé an capall. N'fheadarsa ar sheoinseáil sé an t-airgead, ach an lá tréis é a cheannach an chapail, tháinig an sagart chuige.

“Cheannaís an capall,” arsa í sin.

“Cheannaíos,” arsa Pádraig Mór.

“Tairrig amach é,” arsa é sin, “go gcífidh mé é.”

¹ Is é an eachtra céanna a tras-scríobhadh ón gCríomhthanach in CBÉ, 967: 108-110, ach gur Dónall Mór seachas Pádraig Mór a luaitear san insint eile, agus gurb é a shín-seanathair, seachas a athair críonna, a luadh mar leis an gaol a bhí aige le príomhphearsa na heachtra.

Do thairrig sé amach é. Ní fheacaís capall breá deas riamh, ach é, a chloisinn, go raibh scáil an bhuidéil ann.

“Beir isteach ’on ghort é,” arsa é sin.

Rug sé isteach ’on ghort é.

“Siúlaigh suas anois é,” arsa é sin.

Do dhein. Nuair a chuaigh sé tamall suas, dúirt sé leis casadh anuas aríst. Nuair a tháinig sé anuas:

“A Phádraig Mhór,” arsa é sin, “b’fhearr liom gur do luí i bhfiabhras a bheifeá.”

Níor mhair an capall seachtain.

217. *An corp gur las na coinnle air*

8.12.44

CBÉ, 966: 512-513

Bhí feirmeoir fadó ann, agus do ghaibh fear siúil chuige tráthnóna, agus d'iarr sé a bheith istigh.

Dúirt an feirmeoir go bhfaigheadh. I gcionn tamaill don oíche:

“An bhfuil an sagart i bhfad bhuam?” arsa é sin.

“Níl,” arsa an feirmeoir, “cúpla míle.”

“B'fhearr liom go mbeadh sé agam,” arsa é sin, “á mbeadh éinne a raghadh ag triall air.”

“Raghadsa ag triall air,” arsa an feirmeoir.

Do chuaigh sé ag triall ar an sagart, agus dúirt sé leis gur ghaibh fear siúil chuige, agus go raibh sé ag lorg an tsagairt.

“Ní fhéadfadsa dul ansan go maidean,” arsa an sagart, “raghaidh mé ar maidin ann.”

Tháinig sé.

“An dtiocfaidh sé?” arsa an fear bocht.

“Dúirt sé ná féadfadh sé é go maidean.”

Dhein sé osna. D'oscail sé mála a bhí aige. Do thóg sé coinneall amach as. Dhein sé dhá leath dho.

“Caillfear mise anocht,” arsa é sin, “agus nuair a bheidh mé ag fáil bháis, cuir smut acu san agem cheann, agus smut eile agem chosa, agus má lasann siad bhuathu féin, tugaídh aire mhaith dhom chorp, ach mara lasfaidh, caithídh leis an abhainn mé.”

Sin é mar a bhí. Chrom sé ar a bheith ag tarrac na hineáile i gcionn tamaill don oíche. Do bhuaileadar coinneall aigena chosa, agus coinneall aigena cheann, agus ní fada a bhí nuair a las an dá choinneall. Thugadar aire mhaith dho go maidean, agus ní raibh an dá choinneall leathchaite ar maidin. Nuair a tháinig an sagart, bhí an feirmeoir amuigh roimis.

“An maireann sé sin?” arsa é sin.

“Ní mhaireann,” arsa an feirmeoir.

D'eachtraigh an feirmeoir do conas mar a bhí. Tháinig an sagart isteach, agus d'fhéach sé. D'oscail

sé amach a chuid éadaigh. Bhí sé gan aon chor a chuir do. Bhí éide sagairt laistigh air.

“Ó, Dia linn,” arsa an sagart, “sagart ab ea é. Beidh prugadóireacht fhada ormsa nár thána ag triall air seo aréir.”

218. *An sagart a leighis a dhriotháir agus fear a dhriféar*

6.1.45

CBÉ, 967: 153-154

Bhí bean ann fadó agus do bhí mac do shagart aici, agus do bhí cliamhain aici. Do bhí mac eile dhi ina mhairtíneach. Ach do bhuail an cliamhain breoite, agus do bhí sé ana-shuarach. Ach d'iarr an mháthair ar an sagart, má dh'fhéadfadh sé é, é a thógaint. Bhí scéal thairis ag an sagart, ach d'iarr sí an achainí róchruidh air, ní fhéadfadh sé í a eiteach ansan.

“Dréir dealraimh, a mháthair,” arsa é sin, “is measa leat mac mná eile ná do mhac fhéin.”

Do thóg sé an cliamhain. Ón uair go raibh a lámh sa roinnt, do leighis sé an mairtíneach. Ach d'imigh sé fhéin as a mheabhair an oíche chéanna.

Sin é mar a dh'imigh air.

219. *Scéal Ghoirtín na Crú*¹ I

26.11.44

CBÉ, 966: 293-295

Bhí bráthair fadó ann, agus ní bhearrfadh sé é féin Dé Luain, agus chuir an t-easpag fios air. Fuair sé an gearán ná bearrfadh sé é féin Dé Luain, agus dh'fhiarthaigh sé dho canathaobh ná bearrfadh sé é féin Dé Luain. Dúirt sé ná beadh lomadh an Luain air.

“Cuirfeadsa mar oibleagáid ortsa anois,” arsa é sin, “imeacht gan codladh dhá oíche in aon tig nó go bhfaighidh tú amach Goirtín na Crú, gan a thuairisc a chuir ar éinne, agus má dh'fhaigheann tú amach é, sín amach ionad sáipéil ann, agus tair chughamsa aríst.”

D'imigh sé air, agus bhí sé ag imeacht air ar feadh tamaill mhaith, ach tháinig lá báistí air, agus casadh isteach i dtig feirmeora é. Dúirt an feirmeoir leis druideam aníos go dtí an tine, agus é féin a thiormú. Shuigh, agus ní fada a bhí sé suite nuair a tháinig garsúinín isteach, agus uan óg aige. Bhí an garsúinín bocht fliuch báite.

“Dhera, cá bhfuairis² an t-uan?” arsa an t-athair leis.

“Táim ag faire ó mhaidean ar an gcaíora, arsa é sin, “agus rug sí i nGoirtín na Crú. Tá an chaíora ann fós. Níor lean sí in aon chor mé.”

“Seo lé beirt agaibh anois,” arsa an t-athair le beirt eile acu, “agus tugaídh libh an chaíora.”

“Ná corraíodh éinne,” arsa an bráthair. “Fanadh an dream athá tirim tirim. Níl éinne is fearr a bheith fliuch ná an bheirt athá fliuch. Raghadsa agus an garsún ag triall ar an gcaíora.”

D'imigh beirt acu, agus bhaineadar amach an gort.

“Anso a rug an chaíora?”

“Is ea,” arsa³ an garsún, “sid é Goirtín na Crú.”

“Ana-mhaith,” arsa é sin.

1 l.s. '~~chrú~~ crú'. Ba é 'Goirtín na Crú' an teideal a bhaist Seán Ó Dubhda leis ar an scéal sna leaganacha a thras-scríobh sé sin agus atá le fáil dá réir in CBÉ, 121: 551-555 agus in CBÉ, 1715: 246-249. 'Goirtín a Chrú' a thugtar ar an leagan den scéal céanna atá le fáil ar rian a haon den dlúthdhiosca a ghabhann leis an tráchtas seo. Tá an leagan seo a thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh áirithe faoi TIF 756B The Devil's Contract.

2 l.s. 'bhfuairias'

3 l.s. 'airsean'

Chuaigh sé go dtí an claí, agus thug sé leis gabháil chloch, agus do shín sé amach ionad sáipéil ann.
Do tháinig sé abhaile, agus do bhain sé amach an t-easpag, agus do thóg sé an sáipéal ansan i
nGoirtín na Crú, agus do thug sé cead a chos don mbráthair.

220. *Come Fish*¹

[?].11.47

CBÉ, 968: 76-77

Ní fhéadfadh iasc a dhéanamh don bhfeoil go brách, ach dhéanfaidh an sagart é. Chuala go raibh sagart ann babhta, agus bhí meitheal aige. Lá Aoine ab ea é. Ní raibh aon iasc le fáil. Thug sé ordú don gcailín feoil a chur ag beiriú. Chuir. Cuireadh an fheoil ar an mbord, agus léigh sé uirthi chun iasc a dhéanamh di. D'ith gach éinne í, ach beirt driothár a bhí ann.

“Bailídhse libh abhaile,” arsa é sin, “níl aon chreideamh agaibh.”

Chuir sé abhaile iad [i] dtaobh ná creidfidís go raibh an oiread san comhachta aige go bhféadfadh sé iasc a dhéanamh a dhéanamh d'fheoil. In Uíbh Ráthach a thit sé sin amach. An fíodóir a bhí anso thíos ar an gClochán Dubh a bhí ag eachtraí dhom air. Leary ab ea é, agus ó Uíbh Ráthach a tháinig sé ann.

¹ “Dh'eachtraíos do Sheán Criomhthain an scéal san ar an nGiúdach gur bhaist an sagart é, agus nuair a bhí a chuid airgid déanta aige, a chionn a bheith ina Chaitlicí, dh'iompaigh sé ina 'Giúdach' arís, agus shéan an sagart. Thug sé cuireadh dinnéir don sagart lá Aoine, agus dúirt sé “come fish” leis an bhfeoil chun iasc a dhéanamh de mar dhea” – SÓD, mar réamhrá ar an mír.

221. *Father Brasby*

[?].5.45

CBÉ, 968: 543-544

Is dócha gur chualaís trácht thar Bhrasby. Bhí sé ina *coadjutor* ar an Muirígh, agus an lá a bhí sé chun iompó, chuala gur thug sé an lá ar fad ag máirseáil soir agus siar ar dhuimhche Gallrois sarar imigh sé. Ansan bhuail sé ó dheas go Ceann Trá. Bhí féasóg ar Bhrasby. Bhí scoil lainne i gCeann Trá an uair sin, agus do bhí ministir istigh á bhearradh féin.

“Tair i leith chugham,” arsa an ministir, “go mbainfidh mé cuid do [mheirigh na Róimhe] dhíot.”

Dhíriigh ministir eile air [i] dtaobh é sin a rá le Brasby. D'imigh sé féin agus an ministir lá arna mháireach chun an Daingin. Bhí mairtíneach istigh i mbosca age ceann an ché sa Daingean. Is mó duine a thugadh pingin do. Ach nuair a bhíodar ag gabháil thairis do loirg Brasby a lámh air. Ní thabharfadh an mairtíneach a lámh do. Dúirt gach éinne á dtabharfadh an mairtíneach a lámh do an lá san go dteaspáinfeadh sé míorúilt, ach bhí sé gointe. Deineadh amhrán do Bhrasby. Níl sé agamsa.

“Brasby an tsúip a thug a chúl leis an aifreann,
mo thrua go dubhach é, is gan aon tsúil le casadh aige.”

Níl aon phioc eile agam do¹.

¹ “Cuid d’amhrán a deineadh don athair Brasby a iompaigh ar an gcreideamh gallda. Ar an gCarraig i bParóiste Chill Mhaolchéadair do léigh sé an tAifreann deireanach, is d’imigh an lá céanna. Do phós sé ina dhiaidh san iníon le Mr. Gayer, ministir gallda a bhí sa Daingean,” a thug Séan Ó Dubhda mar eolas breise ar an amhrán seo in *Duanaire Duibhneach* mar a bhfuil an t-amhrán ina iomláine le fáil:

“a Bhrasby, do chéasais an chléir seo mórdtimpeall,
agus Mac an Athar Naofa, do thaosc fuil a chroí dhuit,
an mhaighdean bhreá naofa, fuairis mar chéile a bheith taoibh leat –
do dhíolais le Gayer iad ar bhéile na hAoine.

Mo dha thrua-sa t’athair, is an bhanaltra d’iomchur,
trí ráithe ina broinn tu, agus an chuid eile ag oiliúint ort,
thug suas chun sagart tu chun na n-aitheanta scrúdach,
nár fhág ar an stól tu, ag déanamh bróg is dá ndúbhachtaint.

I dtaoibh an Tiarna Easpaig, ní mhaithfead lem ré dho,
mar ba ghuagaire reatha é nár smachtaigh do féin tu,

dod chur ar an gCarraig go beatha Father Casey,
is go bhfuil ‘súpanna’ damanta dá gcasadh in aghaidh an lae ann.

Bhí an fiolar úd taobh leat, do chuir *earnest* in am ionat,
jobbéir na péiste, is é Gayer é gan amhras,
tá ag scrútaíl an éithigh, agus na bréithre atá fallsa,
is é maistín an chraois é a bhíonn ag léamh ar an gcamshliocht” (Ó Dubhda, 1933: 99).

222. *Husae an Mhachaire, file*

31.12.44

CBÉ, 967: 73-74

Bhí file thíos insa Mhachaire fadó. Duine dos na hUsaeigh ab ea é. Bhí sé an-fhoghlamtha ar fad. Níl aon *station* sagart a bhíodh ann ná go gcuirtí ar bord in aonacht leis na sagairt é chun bricfeast. Bhí sé críonna, agus do tháinig sagart óg san áit, agus nuair a cuireadh ar bord in aonacht leo é, níor mhaith leis an sagart óg é.

“Cad é mar shaghas daoine iad so,” arsa é sin as Laidean leis an sagart paróiste, “atá ag cur a leithéid sin ar bord in aonacht linne.”

“Scaoil tharat é,” arsa an sagart paróiste, “bíonn san ar bord in aonacht linne i gcónaí.”

Ní bheadh sé sásta leis. Do thuig an file go maith é. D'iompaigh sé air.

“Cad é mar shaghas duine tusa,” arsa é sin, “á c[h]uir¹ ar bord in aonacht linne?”

“Is file is is diaigmise,” arsa é sin, “athá i ndiaidh na cléire,

agus im chuireadh gan iarraidh, ní dheaghas riamh ar béile,

marab ionann agus fiallaigh g[h]éara léannta,

do bhlaiseann gan iarraidh bia gach éinne,

mar measaim ní fial a riaraid aon rud².”

“Is ea anois,” arsa an sagart paróiste, “an éisteoidh tú?”

¹ Ainneoin gur 'cur' a bhí ann thuas.

² c.f. §208 | CBÉ, 1070: 153-184 mar a raibh an rann céanna le fáil arís.

223. *Sinsir na heaglaise*¹

31.12.44

CBÉ, 967: 68-69

Bhí sagart ann fadó, agus do bhí sé ag dul i bhfad gan aon tslí d'fháil, agus bhí sé ag fáilt ana-lag. Ach dúirt a athair leis á raghadh sé go dtí an t-easpag, b'fhéidir go dtabharfadh sé slí dho. Do chuaigh sé chuige, agus d'iarr sé air an bhféadfadh sé slí a thabhairt do, go raibh sé ag imeacht rófhada.

“Tair chugham aríst,” arsa an t-easpag, “agus má dheineann tú amach dom cad é an pháirt don leabhar go bhfuil sinsir na heaglaise, gheobhaidh tú slí.”

Tháinig sé abhaile comh dall is a bhí sé riamh.

“Conas atá agat?” arsa an t-athair.

“Tá go hainnis,” arsa é sin, “dúirt sé liom teacht chuige aríst, agus má dh'fhéadfainn a dhéanamh amach cad é an pháirt don leabhar go bhfuil sinsir na heaglaise go bhfaighinn slí. Ní fheaca in aon leabhar é,” arsa é sin.

“Tá an scéal go hana-mhaith anois,” arsa an t-athair.

Do fuair an t-athair leabhar, agus do bhuail sé deich *sovereign* isteach i bpáirt don leabhar, agus do dhún sé suas an leabhar.

“Sín chuige an leabhar anois,” arsa é sin, “agus abair leis gur sa pháirt seo dhon leabhar atá sinsir na heaglaise.”

D'ardaigh sé leis an leabhar, agus do chuaigh sé go dtí an t-easpag, agus do shín sé chuige é.

D'oscail an t-easpag an leabhar, agus fuair sé an t-ualach istigh ann.

“An tú fhéin a dhein amach é seo?” arsa é sin.

“Ní mé,” arsa an sagart, “ach m'athair.”

“Is maith é an t-athair,” arsa é sin, “beidh slí agat láithreach,” arsa é sin.

Fuair sé slí. Ba mhaith é an t-athair.

1 l.s. 'eagailse' tríd síos

224. *Triúr a ghoid tórramh linbh*

15.4.45

CBÉ, 968: 446-447

Bhí fear bocht i bParóiste Fionntrá fadó. Níl sé comh fada san ar fad leis. Do bhí sé ag teacht oíche ón nDaingean le tórramh leanbh beag a bhí caillthe air. Do chuaigh sé isteach i gCeann Trá le cúram éigin, agus faid is a bhí sé istigh, do ghaibh triúr buachaillí go dtí cairt an asail a bhí amuigh go raibh tórramh beag aige ann. Do ghoideadar an tórramh. Ba ghránna an cúrsa é. Ach do chualaigh an sagart cad a dheineadar, agus do thug sé a mhallacht dóibh. Thit an mhallacht orthu. Níor imigh éinne acu ar fónamh. Bhí duine acu, is ní fhéadfadh sé néal a chodladh istoíche age gol an linbh. Bhí duine eile acu, agus rugadh triúr nú ceathrar 'madán do.

**Féilte, laethanta cinn ráithe, comórtais, pátrúin, aontaí, agus ócáidí
sóisialta eile**

225. *Móin bhreá thirim oíche Nollag*

[?].2.46

CBÉ, 979: 199-201

An bhfeacaís riamh aon bhloc admhaid á chur 'on tine oíche Nollag?

Ní fheaca riamh ach a bhfuil a fhios agat cad a bhíodh acu anso oíche Nollag, móin bhreá thirim, bheidís á sparáilt i gcomhair na hoíche sin, agus dheinidís reighleán mór tine a chuir síos. Sin rud a bhíodh acu go léir – an brat Bríde, curtaí amach é istoiche, an oíche roim lá ‘le Bríde ar thiteam na hoíche, ar thor nú ar chlaí, agus é a thabhairt isteach ar maidin. Dhéanfadh aon bhlúire éadaigh do ghnó, agus dhéanfadh aon dath do ghnó. Á mbeadh capall breoite ar shearrach nú bó breoite ar ghamhain, an brat a bhualadh anuas orthu. Tá sé ana-mhaith nú duine a bheadh breoite. Deireadh na seana-mhná paidear éigin nuair a chuiridís amach an brat, ach níl an phaidear agamsa. Deintaí é sin gach aon bhliain, agus curtaí an brat nódh i gcimeád, agus caithtaí an seana-bhrat [ar] dtaobh thiar don dtine. Deineann daoine cros Bríde fós le tuí, agus cuireann siad in airde fé chos an chúpla iad. Agus oíche chinn bliana, sin nath eile a bhí acu, á mbeadh dhá dhoras ar an dtig, an doras droma nú an doras thuaidh a gheobhadh fear an tí bullóg aráin, agus buaileadh sé trí bhuille ar an ndoras léi. Ní bhaintaí aon ghreim aisti. Deireadh sé:

“Fógraím an ghorta go dtí Tír na dTurcach,
ó anocht go dtí bliain ó anocht,
agus ó bhliain ó anocht go dtí seacht mbliana ón oíche sin aríst,
chuiridís ar an mbord aríst í.”

Agus sin nath eile a bhíodh acu lem chuimhne-se, bhíodh prátaí acu i dtosach na hoíche, oíche Nollag, agus ansan, bhíodh arán agus té acu siar san oíche. Fágfaí cuid dos gach aon tsaghas a bhíodh acu leis an dté, fágfaí ar an mbord é go maidean.

Cé dho an bia san?

Don muintir a dh’imigh bhuainn a bhíodh an doras oscailte isteach go dtína haon déag a chlog an oíche sin, agus ar thiteam na hoíche a thugaidís gabhal fionnáin leo, agus leathaidís age béal an

doiris é fé bhráid na maighdine. Bhíodh an tinteán scuabtha agus cathaoir socair ar thaobh don dtine, agus chuiridís éadach bán ar an gcathaoir féna bráid.

226. *An Broicealach*

11.3.45

CBÉ, 968: 166-169

Chuaigh fear ó Éire fadó go Sasana, agus thug sé tamall ann, is tháinig lá ráiseanna, agus dhein capall go hiontach. Ach fiafraíodh do an bhfeaca sé a leithéid sin do chapall ina dhúthaigh riamh. Dúirt sé go bhfeaca. Dúrtas leis ná feacaigh. Dúirt sé go bhfeaca sé fear ina dhúthaigh a rithfeadh leis. B'fhearr ná san é. Chuir sé síos geall as an bhfear. Do tháinig sé abhaile. Do bhí sé ag imeacht ar fuaid na gcnoc so in Éirinn go nglaoídís an broicealach air. Ní raibh éinní aige á chaitheamh, ach feoil fuar¹. Do chuaigh sé féna dhéin. Do bhuaileadh sé leis go minic. Bhíodar ana-mhór le chéile. D'eachtraigh sé dho go raibh geall trom thíos aige as.

“Dhera,” arsa an broicealach, “dá bhfaighfaí greim orm, is amhla a chuirfaí isteach ’on phríosún mé.”

“Ní baol duit,” arsa é sin, “ach an raghair in aonacht liom?”

“Raghaidh mé,” arsa an broicealach.

D'imíodar, agus do bhaineadar amach Sasana, agus an lá a bhíodar lé bheith lé chéile, do chuaigh an capall ráis ar an dtráigh á máirseáil, agus do ghluais mo bhroicealach anuas fé dhéin an chapail, is bhí sé ag siúl timpeall an chapail.

“Fan siar ón gcapall a ’mhadáin,” arsa an marcach, “b’fhéi’ go mbuailfeadh sé thú.”

“Is deas an capall é,” arsa é sin, “ab é seo an capall athá chun a bheith ag rith leis an ’madán ó Éire?”

“Is é go díreach,” arsa an marcach.

“Mhuise, ba mhaith liom triail bheag a dh’fheiscint air,” arsa é sin, “mar ní fhéadfaidh mé a bheith ar a ballach – táim i mbun stoic ansan thuas.”

Shín sé síntiúis chuige.

¹ l.s. ‘fuair’

“Bain *canter*¹ siar as,” arsa é sin, “comh fada is tánn sibh chun dul. Ba mhaith liom a bheith ag féachaint air.”

“B’fhéidir,” arsa an marcach, “ná geobhainn an méid sin do bharra an lae. Bainfidh mé.”

Thiomáin sé an capall siar. Nuair a chuaigh sé siar, bhí an broicealach thiar roimis.

“Dhóigh liom gur tusa a dh’fhágas im dhiaidh,” arsa é sin.

“Dhera, is dócha gurb é mo dhriotháir é,” arsa é sin, “an dtug sé éinní dhuit?”

“Do thug,” arsa é sin.

“Tá an-éirim ann,” arsa é sin, “seo,” arsa é sin.

Thug sé síntiús eile dho.

“Bain as a bhfuil ann anois”, ag dul siar aríst, “mar níl aon dul go mbeadsa ag féachaint ar a ballach air,” arsa é sin.

Do dhein. Bhí an broicealach roimis aríst.

“Tá déanta go maith agat,” arsa é sin, “an bhfeacaís aon driotháir dom ansan siar?”

“Tá sé ann mhuisse, agus is driotháir coróntha dhuit é,” arsa an marcach.

“Is ea, is maith liom an méid sin a dh’fheiscint anois,” arsa é sin.

¹ Nóta foghraíochta ag SÓD a chuir in iúl gur ‘canthur’ an fuaimniú a bhí ag an gCrimhthanach.

227. An coileach ag fógart báis

[?].3.49

CBÉ, 968: 266-270

Bhí Máistir Footcroft thíos againne tráthnóna déanach. Do tháinig an coileach isteach, agus sheasaimh sé i lár an urláir, agus chrom sé ar a bheith ag féachaint ar Footcroft agus seo ag glaoch é.

“Tiomáin amach é sin,” arsa m'athair liomsa.

“Ná dein,” arsa Footcroft leis, “fág ’san é. Rud maith is ea glao coiligh. Ní bhíonn aon drochscéal age coileach.”

Thairrig sé anuas ansan an coileach a bhí thíos ar thóin an chorcáin nuair a bhí an Slánaitheoir ar an dtalamh nuair a dúirt an Giúdach ná héireodh an Slánaitheoir, go n-éireodh an coileach a bhí ag beiriú sa chorcán. D'éirigh an coileach, agus dhein sé dhá ghlaio dhéag¹, agus do dh'éirigh an Slánaitheoir leis. Ach nuair a chuaigh sé abhaile, bhí sé ag eachtraí dhá bhean ar an gcoileach a bhí againne, agus ní raibh an scéal críochnaithe aige nuair a tháinig an coileach féin isteach, agus chrom sé ar a bheith ag féachaint air, agus seo ag glaoch é. Thairrig sé amach a *watch* ansan, agus d'fhéach sé gadé an t-am a bhí sé. I gcionn cúpla lá, fuairadar leitir. Sin é an t-am díreach a cailleadh athair a chéile.

Bhíodh bruíonta coileach anso fadó. Ná cuiridís spiora iarainn orthu chun bruíne. Ní fheaca-sa iad, ach is dócha go bhfeacaigh m'athair iad.

¹ Baineann móitíf ghlaio an choiligh le ATU 960 C, a deir Pádraig Ó hÉalaí linn (Ó hÉalaí, 2012: 142). Mar le líon na nglaoanna a dhein an coileach sa traidisiún, deirtear linn go bhfuil sonrú déanta i leaganacha áirithe: “trí huair a ghlaioigh sé de réir [CBÉ, 76: 53-5 ó Chontae na Gaillimhe], [CBÉ, 101:29 ó Chontae na Gaillimhe], [CBÉ, 969:65-6 ó Chontae na Gaillimhe], agus [CBÉ, 90:385-6 ó Chontae Mhuigh Eo]; dhá uair déag a ghlaioigh sé de réir [CBÉ, 257:28-29 ó Chontae na Gaillimhe], [Ó Cadhain, 1933: 74], [CBÉ, 217: 79-80 ó Chontae Chiarraí]; dhá uair de réir [OEG 5: 169 ó Chontae na Gaillimhe], agus ní deirtear cé chomh minic agus a ghlaioigh sé sna leaganacha eile” (ibid: 143).

An chéad lá Abrán

Bhíodh daoine ana-mhór ag déanamh 'madáin¹ fadó, an chéad lá d'Abrán, agus níor cheart é. Bhí seanuncail do Pheaidí Connor anso thiar, agus dúirt sé go raibh bó leis ar míchothrom. Bailíodh cabhair, agus chuadar suas insa páirceanna mar a raibh na ba, agus ní raibh aon bhó ar míchothrom. Ag déanamh 'madáin dóibh a bhí sé, ach sara raibh na ba á thabhairt abhaile tráthnóna aige, do chuaigh bó leis ar míchothrom, agus chuaigh sé ag glaoch ar chabhair, ach níor tháinig éinne chuige, agus cailleadh an bhó air.

Lá Fhéile Bríde

Fadó lem chuimhne-se, bhíodh mórán uan ann lá 'le Bríde. Ní bhíonn siad anois ann go dtí tréis lá 'le Pádraig.

Saolú Dhomhnach Cásca

Bhíodh sé ráite fadó, aon ghamhain a bhéarfaí Domhach Cásca gur cheart é a mharú. Rug dhá bhó linne Domhnach Cásca bliain, ach níor maraíodh iad, agus mhaireadar, agus díoladh iad, agus bhí searrach capaill comh holc, leis. Bhí sé ráite gur cheart é a mharú nú go maródh sé duine.

An sagart i sochraid Eoghan Rua

Bhí an sagart, an lá a cuireadh Eoghan Rua, bhí sé ag dul 'on chomhairí.

“Is mór an obair duit a bheith ag dul 'on chomhairí,” arsa duine éigin leis, “lá báistí mar é.”

“Á,” arsa é sin, “má cailltear mise féin, is fuiriste sagart a dh'fháilt, ach is deocair Eoghan Rua eile a dh'fháilt.”

¹ Mhínigh Ó hÉalaí gurbh é is cúis le Lá na nAmadán a bheith á thabhairt ar an gcéad lá d'Aibreán ná gur 'amadán' a dhein na Giúdaigh den Slánaitheoir ar an lá sin, agus MI A1541 á lua aige leis an méid sin (2012: 288).

Athrú sa ghréin

Bhí Peaidí Connors anso thiar ag caint le seana-bhean ó Chathair Scoilbín.

“A Pheaidí,” arsa í sin, “tánn sibh á rá nár chorraigh an ghrian riamh.”

“Níor chorraigh,” arsa Connor.

“Bhuel,” arsa í sin, “fínné mise air gur chorraigh,” arsa í sin, “mar ní fheacamair an ghrian riamh ag teacht thar bóthar aníos i gCathair Scoilbín¹ go dtí mí nú in aice dho tréis na Nollag.”

Chonacsa an lá Nollag gur tháinig sí aníos thar bóthar, is níor tháinig sí in aon chongar do riamh roimhe sin an t-am san. Dúirt sí go bhfeacaigh an baile go léir í. Níor dhein sí an bhliain ina dhiaidh é ná ó shin. Is dócha go bhfuil gach éinní ag athrú. Bhí sé ráite go dtiocfadh an samhradh ina gheimhreadh, agus an gheimhreadh ina samhradh, agus tá an g[h]eimhreadh tagaithe nách mór ina shamhradh i mbliana.

¹Meabhraíonn nóta ó SÓD go bhfuil “Cathair Scoilbín isteach fén gcnoc atá lastuas de.”

228. *Bruíonta*

4.3.45

CBÉ, 968: 86-89

Bhí Aonach an Chláir¹ fadó, ba mhór an scanradh é chun bruíonta, ach do bhí ana-ghaiscíoch fir ann, is do bhailimh *mob* lá air. N’fheadar cér díobh é. Ardfhear ab ea é a chuala. Níor fhágadh luid in airde air ná raibh stóltha dho, ach a léine. Dh’imigh sé ansan isteach i gcoinnibh an chlaí féachaint an bhféadfadh sé an léine a chinneáilt air. D’imigh bean dhuine dhon ndream eile, chuaigh sí in airde ar an gclaí, agus do thairrig sí an léine suas dá cheann. Nuair a chonaic an fear an méid déanta, do thug sé sclamhadh gráiniúil ar a bhean. Níor lig sé aon bhuille eile a bhualadh air. Níor mhaith í an bhean. Níor mhaith².

Ba mhór an scanradh daoine chun bruíne fadó. Do bhí sáipéal a bhí thoir i gCeapa Chloch³, do bhí sé trí Domhnaí gan aon aifreann, ar eagla bruíne. Ach an tríú Domhnach do tháinig fear, agus maide aige.

“Tagadh an bheirt is fearr anso,” arsa é sin, “isteach ar an bpáirc chugham,” arsa é sin, “níl aon dealramh sáipéal a bheith gan aifreann.”

Níor chuaigh éinne isteach chuige. Dúirt sé deireadh a bheith leis an obair. Bhí aifreann as san amach ann. Ní raghadh éinne isteach lé barr eagla – fear ón áit, ana-ghaiscíoch fir. Bhí tá tamall maith ó shin anois, bhíos fhéin im gharsún bheag, bhí dhá *fhamily* dhos na Coffeys⁴ ar feadh coicíse againn ar lóistín. Bhí na rudaí beaga acu san. Bhí log as choinnibh an tí amach go raibh an t-aoileach tógtha as. Do líon sé d’uisce tréis an t-aoileach a bheith tógtha as. Nuair a dh’éiríodh na rudaí beaga as na cúinní ar maidin, is é an áit a n-imídís amach ’on loig ag *diveáil* ar nós na lachan. Ní bhfuaireadar aon tslaghdán leis as. Is cuimhin liomsa é sin go maith. San am céanna do, bhí máistir roinne ag múineadh scoile ar an Muirígh, ag múineadh scoil rince ar an Muirígh, agus

¹ “Aonach Bhaile an Chláir in aice Abhainn an Scáil” – SÓD.

² I.s. “níorbh ea”

³ “In aice le Cam, deich míle siar ó Thrá Lí” – SÓD.

⁴ “Treibh tincéirí ó Chorcaigh” – SÓD.

againn fhéin a bhíodh sé ar lóistín. Broisníchin ó Chuiríní. Bhíodh scata bailithe istigh gach aon oíche. Ach aon oíche amháin, oíche Shathairn, do thánadar ón Daingean, agus bhíodar ag marú a chéile ag teacht. Níorbh aon tsuaineas é tréis teacht dóibh. Do bhí rince ag an máistir rince thíos sa tseana-thigh, ach bhí bean acu, ba mhór an scanradh í. Do rug an fear ar rud go nglaoídís an *solder iron* air, agus do thug sé chúichi. Do ráinig ná fuair sí é. Do chuaigh sé sin siar ar an lochta. Chuaigh sé dhá orlach ceangailte isteach i gcois an chúpla. Tabhair fé ndeara dá ngeobhadh sí sa cheann é go mbeadh sí gan ceann. Ach chaith gach éinne dul abhaile. Ní raibh aon tsuaineas orthu. Chuaigh Broisníchin 'on tseomra. Bhí *crowbar* iarainn leis an ndoras, agus níor dhíon leis é sin gan a dhrom fhéin a bheith leis. Níor chuaigh sé ar aon leabaidh go maidean.

“A Sheáin,” arsa é sin lé m'athair, “an bhfeacaís riamh sochraid tincéara?”

“Ní fheaca,” arsa m'athair leis.

“Ní lú ná chonacsa é,” arsa é sin, “ar a bhfuil siúltha agam, ach cífeair cuid mhaith acu tréis na hoíche anocht.”

Imbriathar ná raibh éinne acu marbh ar maidin, ach ar maidin lá arna mháireach, do fuairadar ordú deireadh bheith acu ag teacht. Ba é sin an scéal brónach leo a bheith stopaithe. D'imíodar, agus i gceann cúpla mí ina dhiaidh san, ghaibheadar an tslí, agus thrialladar an ngeobhaidís a bheith istigh. Ní bhfuairadar, ná as san amach.

229. *Bean an fheirmeora gur goideadh an sparán bhuaidh*

8.12.44

CBÉ, 966: 494-496

Bhí lánú bhocht fadó ann. Ní raibh acu ach cúpla bó. Bhí aon leanbh amháin acu. D'imigh gach éinne ar an aonach lé bó, agus i gcionn tamaill don maidin, ní fhéadfadh an bhean éinní a dhéanamh ag an mearthal a tháinig uirthi go n-imeodh rud éigin ar a fear. Chuaigh sí go dtí bean don mbaile.

“Á ba é do thoil,” arsa í sin, “aire a thabhairt don leanbh dom,”

“Canathaobh?” arsa an bhean.

“Tá sé buailthe i m'aighe,” arsa í sin, “go bhfuil rud éigin imithe ar m'fhear.”

“Dhera, caith as do cheann é sin,” arsa an bhean, “caith as do cheann é.”

Ach tháinig sí abhaile aríst, ach ní fhéadfadh sí stad. Ní fhéadfadh sí suí, ní fhéadfadh sí éinní a dhéanamh. Chuaigh sí aríst chúichi.

“Níl aon chabhair dom stad,” arsa í sin, “níl m'aighe socair in aon chor.”

“Ó, cinneodsa an leanbh duit,” arsa an b[h]ean eile, “mar sin.”

D'imigh sí uirthi, agus í ag déanamh isteach ar an mbaile mór, bhí bean tincéara suite ar thaobh an bhóthair, agus leanbh aici, agus an leanbh ag briseadh a chroí ag gol. San am chéanna, do bhí an borlach ag cuir tinnis ar an mbean eile.

“Cad 'tá ar an leanbh?” arsa í sin le bean an tincéara.

“Tá ocras,” arsa í sin.

“Sáin i leith buait é,” arsa í sin.

Shuigh sí síos, agus do chuir sí an leanbh ar a borlach. D'éist an leanbh. Do thairrig sé an borlach, agus do thug sé *relief* ar an mbean eile. D'imigh bean an tincéara bhuaithi. N'fheadair sí cár ghaibh sí, agus fé cheann tamaill, chonaic sí chúichi fear ag rith, agus cé a bhí ann ná tincéir. É ag gabháilt an tslí, bhí seál aniar ar a ceann aici. N'fheadaraís cé a bhí ann, chaith sé sparán isteach ina hucht, agus chuir do sa tsiúl. D'aithin sí an sparán, sparán a fir. Ach a dtáinig bean an tincéara:

“Seo dhuit do leanbh,” arsa í sin.

D'imigh sí fén mbaile mór. An chéad duine a bhuail léi, chuir sí tuairisc a fir.

“Tá scéal ainnis age t'fhear,” arsa é sin, “dhíol sé an bhó, is do baineadh do an t-airgead.

Bhain tincéirí dho an t-airgead.”

D'imigh sí. Bhí sí á chuardach. Fuair sí amach é sa deireadh, é ag caitheamh leis.

“Cad ’tá ort?” arsa í sin.

“Á, tá an ainnise,” arsa é sin.

“An ndíolais an bhó?” arsa í sin.

“Dhíolas,” arsa é sin, “ach bhain tincéirí dhíom an t-airgead.”

“Cuir do chroí chun suaimhnis,” arsa í sin, ag tarrac an sparáin aníos as a borlach, agus á thabhairt do.

230. *Cóchaláin rince*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 436-438

Bhí cóchalán rince in áit éigin babhta. Ní fheacaís-se é riamh is dócha, na cóchaláin a bhíodh ar na crosbhóithre. Ach ghaibh stróinséir an treo.

“Tá dealramh maith air seo,” arsa duine éigin, “ní foláir nú is ana-rinceoir é. Nár mhaith é triail a bheith air.”

Deineadh *halting* air. Dúradh leis babhta rince a dhéanamh. Sheasaimh sé amach i lár an bhóthair.

“Seim¹ ‘An gamhná dhúbaltha’ dhom,” ar seisean leis an bpíobaire.

Ní raibh sé aige.

“Seim ‘An bealach ó thuaidh’ dom,” arsa é sin.

Ní raibh sé aige.

“Seim ‘Cimil an mháilín dom’,” arsa é sin.

Ní raibh sé aige².

Chaith sé síntiús ’dtí an bpíobaire, agus bhailimh leis. Ní dócha go raibh aon rince aige sin ach oiread liom féin. Thairrigíos ’dtí Tom Maoileoin³ é. Ní raibh aon phort acu aige, ach dúirt sé gur dhóigh leis go raibh ‘An bealach ó thuaidh’ ann.

Ghaibh slataire eile lá ’dtí cóchalán. Bhí se cosnochtaithe. Chaith sé síntiús ’dtí an bpíobaire, dhá thistiún. Shuigh sé síos ansan, agus shuigh gach éinne síos. Sheim an píobaire port. Is é an port a sheim sé:

“A ghiosaire bhuí ’tá id shuí gan bhróga,

¹ l.s. ‘seighm’ tríd síos.

² c.f. CBÉ, 977: 393-394 mar a bhfuil insint eile ón gCrimhthach ar an eachtra.

³ ‘Veidhealadóir’, dar le fo-nóta ó SÓD.

tá do dhá thistiún thíos im phóca.”

Níor thuig an giosaire é, ach do thuig daoine a bhí ann é.

Bhí dhá cheoltóir ann babhta. Dowd ab ea duine acu agus Lyndin an fear eile. Sheim Lyndin suas port.

“Dowdo, Dowdo, Dowdo, dam,

Dowdo, Dowdo, is é ag lorg bean.”

Thuig Dowd go maith é. Nuair a stad sé, thosnaigh Dowd. Shéid sé suas port:

“Lingido, Lingido, Lingido, Lyndia,

Lingido, Lingido, is a chos ar an adharta.”

231. *Comórtas óil*

[?].10.44

CBÉ, 965: 553-554

Bhí seanuncailí dhomhsa thíos ar an gcé i mBrandon. Bhí siopa age duine acu, *public house*, is chuaigh sé go Trá Lí babhta. Bhí sé istigh i *bpublic house* i dTrá Lí. Bhí fear eile istigh ann. Níorbh fhada go dtáinig bean isteach.

“Is ea,” arsa an bhean, “an seasóir chun do ghill?”

“Cad é an geall atá eadraibh?” arsa fear an tsiopa.

“Tá,” arsa í sin, “ar gachara gloine, agus faighídh *slate*,” arsa í sin, “agus cuir síos stróc ar gach aon g[h]loine. Tabhair a pháirt féin dos na héinne.”

Fuair sé an *slate*.

“Cé a dh’ólfaidh a chéad ghloine?” arsa é sin.

“Is é ceart an fhir,” arsa í sin, “an chéad ghloine a dh’ól.”

Bhíodar ar gachara gloine. Bhí fear an Leitriúigh, Diarmuid Ó Sé, bhí sé ag féachaint orthu. Ach nuair a thosnaíodar:

“Pé acu againn a thitfidh,” arsa í sin, “cinnibh istigh é go ndíolfadh sé as an reicneáil.”

Ar an naoú gloine déag, tógadh leis an bhfear, is buaileadh ar chúl a chinn é.

“Líon gloine eile,” arsa í sin.

Líon agus siar léi.

“Ná lig amach é sin go ndíolfadh sé tú,” arsa í sin.

Thairrig sí a clóca aniar uirthi.

“Lá maith agaibh,” arsa í sin.

Chuaigh fear an tsiopa agus m'uncail ’on doras, is chuir sí an tsráid suas di. ’Dhóigh leat nár bhlais sí aon bhraon riamh.

232. *Do dh'ólfainn an mhuir*

7.1.45

CBÉ, 967: 279-280

Bhí fear ann fadó. Fear mór óil ab ea é. Is minic a dhein fear óil a bhotún. Bhí sé ag ól lá. Ach dúirt an *publican* leis, “ní mór an t-ól a dhéanfá-sa,” arsa é sin.

“Do dh'ólfainn an mhuir,” arsa é sin.

“Do chuirfinnse geall leat,” arsa an *publican* leis, “ná déanfá.”

Do chuir sé síos leis, an fear bocht, a phaiste talún leis go ndéanfadh, agus do chuir an *publican* iarracht airgid ina choinnibh. Nuair a tháinig sé chuige féin, do thóg sé 'on leabaidh, agus do bhí sé go brónach. Chuala duine eile é, conas a bhí aige. Do tháinig sé chuige.

“Cad atá ansan bhuit?” arsa é sin.

“Mo dhóthain do chúis,” arsa é sin, “nár chualais é?”

“É! Cúis ana-shuarach é sin,” arsa é sin, “éirigh amach aisti sin. Socróimid é sin.”

Do tháinig an lá a bhí pointeáltha acu go raghadh sé á dh'ól. D'ardaigh sé leis é, agus cathaoir aige.

Nuair a chuadar ar an dtráigh, bhí mórán daoine bailithe. Tháinig an *publican*.

“Ansan athánn tusa,” arsa an fear a tháinig go dtí an té a bhí go brónach.

“Is ann,” arsa é sin, “cad eile cá mbeinn?”

“Ní stopfá an abhainn sin thall,” arsa é sin, “téire go dtí an abha eile thiar, agus stop í.

Buail mórdtimpeall na hÉireann, is ná fág an abhainn ann gan stop.

Ní dúirt so go n-ólfadh sé na haibhne, ach an mhuir. Stop iad, agus bíodh geall go n-ólfadh sé í.”

Do fuair sé an lá air. B'áisiúil an duine é.

233. *Fear na bó oíche 'le Mártan*¹

[?].10.44

CBÉ, 965: 547-550.

Fear a bhí thíos insa Leitriúch, agus níl aon oíche 'le Mártan ná maraíodh sé ainmhí éigin. Bhí sé imithe go dtí aon bhó amháin sa deireadh. Ach bhí sé ag dul go Trá Lí, agus ní raibh sé chun teacht abhaile an oíche sin. Ach tamall amach ó Thrá Lí, thóg sé lóistín i dtig feirmeora. Bhí ainmhí éigin, bó nú caíora, bhí rud éigin marbh acu ach go háirithe. Sin é an uair a thairrigíodar anuas gur cheart rud éigin a mharú Oíche 'le Mártan. Phreab sé. Is ea, nuair a bhí an fhuil tairrigthe aige.

“Istoíche anocht² oíche 'le Mártan?”

“Is í,” arsa iad san.

“*Oh my*,” arsa é sin, “ní rabhas aon oíche 'le Mártan riamh ná go maróinn rud éigin. Dá mbeadh a fhios agam é, do dh'fhanfainn age baile, agus aon bhó amháin atá agam, do mharóinn í.”

“Is ait an duine tú,” arsa fear an tí, “má mharófá í, is gan agat ach í.”

“Mharóinn,” arsa é sin.

Léna linn sin, cnagadh an doras, agus do hosclaíodh an doras. Ghlaoigh sé ar fhear an Leitriúigh, ar a ainm agus a shloinne. Is ea, bhí sé ar dtaobh³ amuigh dho dhoras, agus capall iallaite aige.

“Tair ar dtaobh thiar díom ar an gcapall,” arsa é sin, “agus go deimhin, ní fada nú go mbeidh tú anso arís.”

¹ Tá a thuilleadh seanchais i dtaobh Lá Fhéile Mártan tras-scríofa ag Seán Ó Dubhda ó bhéalaithris an Chriomhthanaigh in CBÉ, 674: 129-144 mar chuid de cheistneoir ar an ábhar a scaip an Coimisiún, agus tagairt dá réir sin ag Billy Mag Fhloinn, atá an-eolgaiseach ar an bhféile Ghaelach seo, do mhíreanna seanchais a bailíodh ón gCrimhthanaigh (nach n-ainmnítear sa saothar thuasluaite) ina taobh agus iad aistrithe go Béarla ag an údar (c.f. Mag Fhloinn, 2017: 93; 200-201). Arsa Mag Fhloinn: “the third major source of relevance is a series of manuscript volumes that contain the results of a questionnaire survey on the Feast of St. Martin that was issued in 1938. Although contained in the main collection, these manuscripts, primarily comprising of volumes 674–684 can be considered a separate body of information. The results of the questionnaire came from over five hundred different places in the island of Ireland, and [...] provides a ‘nationwide snapshot’ of the calendar custom [...] When taken as a single body of material, the resultant responses comprise the single largest source for Martinmas customs in Ireland. In total, it encompasses 619 entries, although 169 of these were negative responses. The amount and quality of the questions on the questionnaire ensured that the accounts given are, for the most part, rich and comprehensive, and can be considered generally very reliable” (2017: 9-10)

² I.s. ‘amáireach’ ach thug nóta ó SÓD le fios gur ‘anocht’ a bhí i gceist aige.

³ I.s. ‘dté’ tríd síos

Chuaigh sé ar dtaobh thiar do ar an gcapall, is thiomáin sé leis. Níor stad sé go dtug sé 'dtína dhoras fhéin é.

“Tánn tú age baile anois,” arsa é sin, “is mairbh do bhó.”

Phreab sé anuas don gcapall, agus pé acu istigh nú amuigh a bhí an bhó, thug sé isteach í mar a raibh sí istigh. Scread an bhean, is d'fhiarthaigh sé do cad é an neameabhair a bhí air. Dúirt sé go gcaithfeadh sé í seo a mharú do Mhártan. Níor chuaigh sé chun aon argóint léi, ach breith ar an dtua. Do bhuail, agus do leag, agus do thairrig a cuid fola. Is ea, nuair a bhí an fhuil tairrigthe:

“Is ea, déanfaidh san an gnó dhuit anois,” arsa fear an chapall, “beidh do dhóthain aimsire chun an croiceann a bhaint di. Nigh do lámha anois,” arsa é sin, “agus bí ar an dtaobh thiar domhsa ar an gcapall aríst.”

Do dhein, is do chuaigh sé ar an gcapall. Níorbh fhada a thóg sé bhuathu dul go dtí an dtig go raibh sé ar lóistín.

“Cad a thug súd,” arsa iad san, “nó cad a bhí air?”

“Thug sé go dtím thig féin mé,” arsa é sin, “agus do mharaíos bó ó shin.”

Ní chreidfí é. Nuair a tháinig sé abhaile, ní labharfadh a bhean leis. Bhain sé an croiceann don mbó, agus maidean lae Bealthaine a bhí chughainn, paiste maith talún aige, nuair a chuaigh sé amach 'on ghort, bhí bó dhearg istigh sa ghort, agus gamhain baineann dearg in aonacht léi. Ní fada a bhí sé beartha. Thiomáin sé isteach í. Dúirt sé léna bhean í shin a chrú.

“Ní raghadsa ag crú bó aon duine,” arsa í sin, “nuair a bhí bó agat, níor chinnís í,”

“Ní lé héinne ón mbaile an bhó,” arsa é sin, “agus tá sí i gcás agena hútha. Crúigh í go bhfaghaimíd amach cé leis í.”

Ní chrúfadh. Chaith sé féin í a chrú. Thiomáin sé amach 'on ghort aríst go dtí an ngamhain í. Bhí sé ag cuir tuairisc thoir agus thiar, fhéach an raibh a leithéid imithe ó éinne. Tháinig sé 'on Daingean, is chuir sé á dh'fhógairt í sa Daingean, ón althóir á dh'fhógairt í Dé Domnaigh, féach an bhfaigheadh sé éinni dhi. Ní bhfuair sé éinne dhi ó shin, is níl aon mhaidean lae Bealthaine, ná bíodh gamhain baineann dearg aici. Níorbh fhada go raibh stoc ar a chuid talún. Níor chualaigh sé

éinne ar thuairisc na bó ó shin¹.

¹ Is féidir ceangal a dhéanamh idir an mhír seo agus scéal in CBÉ, 674: 237 a dtugann Billy Mag Fhloinn scéal idirnáisiúnta air de réir ATU 750 B Hospitality Rewarded'. Faoi mar a deireann Mag Fhloinn in *The Feast of St. Martin in Ireland*: "This is a well-known folktale throughout Europe and Asia, and versions have been recorded from at least the medieval period. It often concerns hospitality towards a religious figure, and usually involves a poor person slaughtering their last cow to feed them, and afterwards the animal is magically restored to life. It appears in TIF under tale-type 750 Hospitality Blessed, which is a catch-all title for several different versions, which focus on different ways in which charity towards the poor is rewarded [...] Versions of Hospitality Blessed are known throughout the country, and the particular variant of it that appears here concerns a person who offers their last animal to St. Martin, whereby it is restored to life." (2017: 188). Tá sé de dhifríocht idir an méid seo ó Mhag Fhloinn agus leagan an Chríomhthanaigh de ATU 750 ná nach pearsa eaglasta ná duine bocht é an té go maraítear an t-ainmhí ina ómós, ach gnáthduine ón Leitriúch. c.f. §240 | CBÉ, 1035: 358-359 mar a bhfuil an tagairt chaolchúiseach seo a leanas do ghnás go bhféadfadh sé gur Féile Mártan ba bhun leis: "Bhí dhá fhile ann, duine acu fé mar a bheadh sé i gCathair Deargáin, agus an file eile fé mar a bheadh sé ar an gClochán Dubh. Mharaidís bó i gcomhair na Samhan i gcónaí, agus dheinidís dhá leath dhi."

234. *Goile Bhrian an Fhearainn*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 157-158

Brian an Fhearainn, thiar sa bhFearann¹ a bhí sé. Ní raibh sa tig ach é féin agus a iníon, agus cliamhain a bhí aige. Chuala gur mór an spórt gach éinne acu chun bídh a dh'ithe. Ana-sclábhaithe boird ab ea iad. An lá roimh Oíche Nollag, do mhairbh an iníon trí cinn do ghéanna gé i dtúmas gach éinne acu, agus do bheirbh sí iad an lá go raibh Oíche Nollag air, chun ná beadh uirthi iad a bheiriú lá Nollag. Nuair a tháinig an tráthnóna, chuir sí síos trí cinn do cholmóirí móra, colmóir i dtúmas gach éinne acu, agus cocán prátaí. Is dócha go raibh ag tarrac ar trí clocha ann, agus troscán praisce. Ach do chuala go mb'fhiú dhuit dul ag féachaint orthu, a leithéidí do thrí sclábhaí maithe. Ghlanadar an bord, agus fé cheann tamaill ina dhia' san, ghaibh an iníon fé dhéin na háite go raibh na géanna.

“On diabhal a bhfeadar,” arsa í sin, “cár ghaibh an tríú gé a bhí anso?”

Níor thug éinne aon tor uirthi. Bhí tiomáint an domhain uirthi. Dúirt an t-athair léi sa deireadh éisteacht.

“Mise a ghaibh chúichi sin tráthnóna,” arsa é sin, “agus ní gá dhuit dul chun paisiúin mór in aon chor mar gheall ar do chipín beag.”

Bhí an ghé ite aige sara suigh sé 'dtí aon phráta ná iasc.

¹ An Fearann, Paróiste an Chlocháin atá faoi thrácht aige, dar le SÓD.

235. *Lá an Dreoilín agus na sagairt*

31.12.44

CBÉ, 967: 58-59

Bhíodh Lá an Dreoilín, bhíodh sé ana-nótáltha fadó. Bhí sagairt ina gcónaí ar an mbaile seo. Do ghaibheadar isteach chúthu. Tháinig cuma an doichill ar an sagart paróiste. Bhí duine do lucht an dreoilín, bhí sé ana-dheisbhéalach ar fad.

“Seo dreoilín a thugamair chughatsa,” arsa é sin, “a bhúiste an chaca,
i mbotháinín súigh¹ i lúib an deataigh,
ná rabhair choíche gan dúil phraisigh.”

Bhí *coadjutor* ag briseadh a chroí ag gáirí. D'iompaigh sé ar an *coadjutor*:

“Seo dreoilín a thugamair chughatsa a athair Seán,
agus ní le dúil é i lionn ná in amhrán,
ach d'fhonn an ghrinn a chimeád,
a bhíodh againn lá San Stiofán².”

1 i., 'sú'

2 l.s. 'Stufán'

236. *Lá San Stiofán*¹ Saoire

31.12.44

CBÉ, 967: 70-72

Do bhí fíodóir anso ar an gClochán Dubh againn fadó. Do mhuintir Laoire ab ea é. Ó Uíbh Ráthach a tháinig sé, agus bhuail sé chughainn isteach Lá an Dreoilín babhta, agus do ghaibheas fhéin isteach.

“Ag obair athánn tú,” arsa é sin.

“Ní mór an obair agam á dhéanamh,” arsa mise.

“Ní cheart duit aon obair a dhéanamh inniubh,” arsa é sin, “tá an lá inniubh saoire. Chonacsa míorúilt mhaith ag titim amach ar an lá inniubh,” arsa é sin, “do bhíos in Uíbh Ráthach,” arsa é sin, “nuair a bhíos im fhear óg, agus do bhí sráid bheag fé thithe fíodóirí ann, tithe beaga dín. Ach do ghearán duine acu ach go háirithe ar an lá inniubh ná raibh sé chuinn oibre acu, gur chaith na sagairt amach é. Do bhí fíodóir ann, agus do bhí printíseach ag obair.”

“Ná raghfá ag obair?” arsa an fíodóir leis.

“Ní raghaidh mé,” arsa é sin.

“Ná fuil an lá inniubh caite amach?” arsa an fíodóir.

“Níl,” arsa é sin, “ní féidir an lá inniubh a chaitheamh amach.”

Bhí na sagairt ana-chóngarach dóibh. Ghlaigh sé isteach ar an sagart. Nis sé an scéal do. Peats Walsh ab ainm don bprintíseach.

“A Pheats,” arsa é sin, “téir ag obair. Tá an lá inniubh caite amach.”

“Cé a chaith amach é?” arsa Peats.

“Chaitheamair-ne.”

“Ní fhéadfadh sibh é a chaitheamh amach,” arsa é sin, “tá Stiofán comh hard inniubh is a bhí sé riamh.”

¹ l.s. 'Stufán' tríd síos.

Dhein sé suas é féin, is bhailimh sé leis. Níor chuaigh éinne eile dhos na fíodóirí ag obair an lá san, ach é sin. Bhuaile sé tine ar a phíp, is do chuaigh sé ar an seol lé barr feirge. Léim spréach bheag as an bpíp. Las an plainín, rud nár chualaigh éinne riamh roimis sin, plainín a lasadh. Do las an seol. Bhí sé a d'iarraidh é a mhúchadh. Ghread sé a dhá láimh a d'iarraidh é a mhúchadh. Chaith sé tabhairt suas, agus chaith sé teitheadh amach an doras lé deatach. Do dhóigh gach aon ruainne dhon tig, ceann an tí, is gach aon phioc do. Bhí tithe lín ceangailthe dho ar dtaobh thíos do, agus [ar] dtaobh thuas do, agus níor dhóigh aon tsop dóibh. Do dhóigh gach aon ruainne dho. Dúirt sé go raibh sé féin ag féachaint ar an méid sin. Nuair a tháinig an Domhnach, nuair a d'iompaigh an sagart an seanmóin:

“A Pheats Walsh,” arsa é sin, “an bhfuileann tú istigh?”

Níor fhreagair éinne é.

“Má tánn tú istigh,” arsa é sin, “cuir in airde do lámh.”

Chuir sé in airde a lámh, Peats Walsh.

“Á, a Pheats Walsh,” arsa é sin, “bhí Stiofán ag éisteach leatsa an lá úd.”

237. *Pátrúin an Chaisleáin*

11.3.45

CBÉ, 968: 148-149

Bíonn pátrúin sa Chaisleán an cúigiú lá deag d'fhómhar, agus is é an áit a bhíodh sé sin fadó ar dhuí an tSráidbhaile, ach aon lá amháin, bhí mórán daoine bailithe, agus do bhí seana-phinsinéar saighdiúra ann. Bhí sé ag féachaint amach chun na farraige. Chonaic sé an t-árthach ann, agus ar an slí, bhí an t-árthach á socrú féin ann. Dúirt sé, do scread sé ar gach héinne teitheadh go tapaidh. Do theitheadar, agus ní fada a bhíodar inti nuair a tháinig an piléar gunna móire, is deineadh cipíní don gcathaoir a bhí fen veidhleadóir. Ní raibh an pátrún ar an nduí ó shin, ach insa Chaisleán¹.

¹ Míniú breise ó SÓD bunaithe ar chomhrá a bhí aige leis an gCrimhthanach gan an t-eideafón a bheith ar siúl: “Aimsir buachaillí bána ab ea é, agus dhein an t-árthach amach gur chruinniú dos na buachaillí bana a bhí istigh ar an nDuí.”

238. *Scribhneoireacht a bhí ar spric*

[?].7.46

CBÉ, 980: 957-959

Bhí daoine bailithe istigh i roilig lá fé mar a bheidís insa roilig seo thíos, agus bhí sprioc ina seasamh ar uaigh ann, agus bhí marcanna nú scríbhneoireacht éigin uirthi. Chuaigh dóibh a dhéanamh amach cad a bhí scríte uirthi. Ach ghaibh buachaill ón áit an treo, fear grinn éigin is dealraitheach. Ghlaodar air.

“An bhféadfá é sin a léamh?” a dúradar.

“D’fhéadfaimn,” ar seisean.

“Is ea, léigh dúinn é mar sin,” a dúradar.

Thosnaigh sé.

“Ansúd atá sí,” a dúirt sé,

“máthair Risteard Chríonna,

i dteampall fásaigh,

lámh le barra taoide.

Ina giall ba ghnáthach,

sáite *dasher* pípe,

dingthe sásta, lán do thobac inti,

the year hundred forty millions.”

D’imigh sé, is d’fhág sé ansan iad¹.

An gcualaís riamh canathaobh go dtugtar na turaiseanna timpeall ar thobar nú ar roilig nuair a

¹ Bhí insint leis ag Stiofán Ó hEalaoire ó Thuaisceart Chontae an Chláir (1858-1944) ar an eachtra seo, ach focail dhifriúla ar fad a bhí aige ar a shon macalla éigin iontu as leagan Sheáin Mhic Criomhthain:

“Heirséacus, máthair Chathar chríonna,
i dteannta ‘n teampaill árdaibh lán do gharabh-líocach,
is i dteannta mása ba gráthach an seana-phíopa,
a bheadh mantach, beárnach, lán do thobac líonta.

Bhí píos’ eile ansin i n-a dhiaig sin aniar:

Garabh ná mín níor síneag fúithe,
Do bharrach ná líon dár sníom[mh] as túirne
Ach matai n-a smuit gan phluid gan súsa!” (Ó Duilearga, 1981: 292)

bhíonn turas á thabhairt?

Níor chuala. Chuala-sa trácht ar chathair mhallaithe a bhí ann fadó, agus le draíocht, do bhí falla timpeall air, agus ní fhéadfadh éinne dul isteach, agus imíodh féna déin, féachaint an bhféadfaí iad a thabhairt chun creidimh. Ach bhíodar ag siúl timpeall, agus ag paidreoireacht, agus ar an naoú timpeall a bhí tugtha acu, thit an falla as a chéile. Chuadar isteach ansan, agus thugadar chun creidimh iad. Tá naoi turais á thabhairt riamh ó shin nuair a bhíonn turas á thabhairt.

239. *Searrach na dtrí gcos*¹

29.4.45

CBÉ, 968: 492-494

Bhí fear ar an mbaile seo fadó, agus do bhí searrach agena chapall. Ní raibh ar an searrach ach trí cinn do chosa. Thagadh² seandaoine an bhaile ar fad ag féachaint ar an searrach. Cuireadh chun báis é. Is dócha dá mbeadh sé suas anois ná cuirfaí chun báis in aon chor é, go gcoinneofaí é chun seoigh.

Bhí feirmeoir fadó ann, agus do chuir sé a bhuachaill ar an aonach le bó ramhar. Do bhí búistéir sa bhaile mhór. Do bhí gadhar aige. Á raghadh éinne ar an aonach go mbeadh bó ramhar aige, ní gheobhadh aon *jobbéir* aon tseans ar an mbó. Do chuirfeadh sé an gadhar i ndeabhaidh na bó. Do thiomáinfeadh an gadhar an bhó ar fuaid an mhargaidh. Ach do chuaigh an buachaill seo ar an aonach le bó, agus ní túisce a bhí an *jobbéir* ag déanamh air ná a chuir an búistéir an gadhar go dtí an mbó, agus thiomáin sé an bhó ar fuaid na háite.

“Is mór an náire dhuit,” arsa an buachaill, “ná ligfeadh dom an bhó san a dhíol dom máistir³.”

“Ní mór an ní is fiú tú fhéin ná do mháistir,” arsa an búistéir.

“Táimid comh ‘mór an ní is fiú’ leatsa,” arsa é sin,

“Chomhraiceodh sé sin tú fhéin is do mháthair,” arsa an búistéir.

“Cuirfeadsa geall leat,” arsa é sin, “go gcomhraiceodh mé fhéin é i gceann dhá uair a chloig.”

Chuireadar geall síos le chéile. D’imigh an buachaill, agus do chuaigh sé go dtí fear a bhí ag díol

¹ Tá leagan den eachtra seo bailithe ag Seán Ó Dubhda leis agus é seo le fail in CBÉ, 1115: 51.

² l.s. ‘tugadh’

³ l.s. ‘bmáistir’

féir, agus dúirt sé leis cúpla cloch féir a thabhairt do. Chuir sé buachaill eile chun súbán a dhéanamh do. Nuair a bhí súbán déanta, thosnaigh sé thíos age béal an bhróg, agus do chas sé ar a chosa mórdtimpeall an súbán suas go dtína chabhail, agus timpeall ar a chabhail suas go dtína mhuineál, agus ar a dhá lámh, agus chuaigh sé isteach go dtí an cúipéir, agus dúirt sé leis stéibh soithigh a shocrú dho i bhfeirm claímh, ionad a dhá lámh a dh'fhágaint ar gach ceann do, agus faobhar nimhe a chuir air. Do dhein. D'ardaigh sé leis é, agus tháinig an búistéir, agus an gadhar. Sheasaimh se. Dúirt an búistéir leis an ngadhar dul ina mhuineál. Thug sé fén muineál, agus do chuir an buachaill bhuaidh amach é leis an gclaíomh maide. Thug sé aríst fé, agus do chuir sé bhuaidh é, agus ar linn é a theacht ar an dtalamh, do thairrig sé stiall ar a ngadhar. Thit an gadhar. Thóg sé an lámh aríst. *Chryáil* an búistéir go dtabharfadh sé an oiread so airgid do, ach gan an gadhar a mharú.

“Do mharóinn agus tú fhéin,” arsa é sin.

Mhairbh sé an gadhar is fuair sé an geall. Ba mhaith an buachaill é.

240. *Tá tuile mhór sa Leamhain*¹

[?].2.48

CBÉ, 1035: 358-359

Bhí dhá fhile ann, duine acu fé mar a bheadh sé i gCathair Deargáin, agus an file eile fé mar a bheadh sé ar an gClochán Dubh. Mharaídís bó i gcomhair na Samhan i gcónaí, agus dheinidís dhá leath dhi². Sa chéad tig ag teacht ón aonach a dh'fhágtí an bhó. Bhíodar mar sin ar feadh tamaill maith do bhlianta, ach lá tháinig teachtaire le leath na bó go dtí an file ba shia ó bhaile. Shuigh sé istigh i dtig an fhile, is d'éirigh bean an fhile fé cheann tamaill, is chuaigh sé 'on doras.

“Tá tuile mhór sa Leamhain,” arsa é sin.

Nuair a chuaigh sé abhaile, d'fhiarthaigh an file eile dho cad dúrthas leis.

“Ní dúrthas éinní,” arsa é sin, “ach chuaigh a bhean 'on doras, is dúirt sí go raibh tuille mhór sa Leamhain.”

“Bhí an ceart aici,” arsa an file eile.

“Tá tuile mhór sa Leamhain,” arsa é sin,

“agus is sleamhain atá leacacha,

mara leagtar an crann, is ann a dh'fhanann na slisneacha,

is má mhairimid leis,” arsa é sin, “caithfimíd é a sheoinseáil feasta aríst.”

As san amach, bhíodh gach re bliain acu ag marú na bó. An bhó a mharú ar an gClochán Dubh bliain, agus i gCathair Deargáin a chéad bhliain eile.

¹ Insint níos iomláine is ea é seo ar eachtra a tugadh in §444 | CBÉ, 968: 122-126 chomh maith.

² D'fhéadfaí go bhfuil baint idir an gnás dá dtagraítear anseo agus Lá 'le Mártan. c.f. CBÉ, 965: 547-550 san eagrán seo agus ATU 750B.

241. *Turas Naomh Gobnait ar an gCill*

31.12.44

CBÉ, 967: 56-57

Bhí turas anso ar an gCill fadó lá 'le Gobnait, turas Ghobnait¹, agus b'éachtach an lá é an lá san age daoine. Bhíodh pátrún ann. Bhíodh tinteanna ann. Ach do haistríodh siar go Dún Chaoin é lé *interest* sagairt. Ba mhór an éagóir é. Ní raibh rí ná rath ar an gCill ó shin a scaoil leothu é, ach nách é sin a déarfadh muintir Dhún Chaoin nuair a labharfaidís.

Timpeall na Cille a thosnaídís thíos i mbun an bhóithrín sin thíos, agus aníos an bóthar, agus mar seo siar, agus mórdtimpeall, agus do bhí cloch thíos ansan i mbun an bhóthair go raibh ionad dhá ghlúin socair síos ann, agus cros as do choinnibh, cros ár Slánaitheora as do choinnibh.

Tá fear ann a mhaireann fós. Tá aithne mhaith agam air. Is dóigh liom nách aon fhear éithigh é, agus tháinig tinneas fiacaile aon uair amháin air. Do thug sé fé dhul amach go dtí turas Ghobnait, agus é ag gabháilt siar chun turasa, do dhein dhá leath dhon bhfiacail. D'imigh an leath, agus d'imigh an tinneas, agus bliain ón lá san, thug sé fé dhul aríst ann, agus d'imigh an leath eile. Ní fheaca sé aon tinneas fiacaile ó shin. Maireann sé fós, is tá tamall maith ó shin ann.

¹ B'fhéidir dá gcaomhnódh muintir na Cille foirm ghinideach a hainm go bhfanfadh an turas leo.

Grá, cleamhnas, agus pósadh

242. *Níl aon pholl im stoca-sa*

7.1.45

CBÉ, 967: 255-256

Bhí buachaill eile ann, agus do tháinig sé ag déanamh cleamhnais go tig feirmeora, agus nuair a bhíodar tréis bídh a chaitheamh istigh, bhain sé dho a bhróga, agus bhí feidhre stocaí nódh air. Bhí iontas air ná raibh muintir an tí ag déanamh aon iontas dos na stocaí. Fé chionn tamaill:

“Níl aon pholl im stoca-sa,” arsa é sin.

D'fhéach an feirmeoir air.

“Mara mbeadh poll a bheith id stoca,” arsa an feirmeoir,

“ní fhéadfá é a chuir ort, agus b'fhéidir nách leat féin iad,” arsa é sin,

“cuir díot is bain áit éigint eile amach.”

243. *God blessed me and my wife*

[?].11.47

CBÉ, 1035: 14-15

Bhí buachaill aimsire age ministir fadó. Bhí an ministir pósta agus a mhac pósta. Bhí buachaill aimsire ag an ministir. Choisríodh sé é féin nuair a bhíodh sé ag éirí ón mbórd i gcónaí. D'fhiarthaigh an buachaill dóibh canachthaobh ná deinidís iad féin a choisreacan.

“Ah,” arsa an ministir, “God blessed me and my wife,

my son John and his wife,

them four, no more, Amen.”

“Sure enough,” arsa an buachaill aimsire,

“God blessed me,

and the devil blast you and your wife,

and your son John and his wife,

them four, nó more, Amen.”

Tá tamall maith ó chuala é sin¹. Bhí sé agena lán acu. San áit seo a thit sé amach. Níor dhein an ministir faic leis mar gheall air.

Pósadh maith

Ba mhaith an pósadh go raibh galún agus fiche fuiscí ann. Ba mhaith daor an pósadh a dhéanfadh sé anois. Bhí an méid sin dí ar pósadh thíos insa Leitriúch. Na daoine muinteartha a thug ann an fuiscí ar fad. Níor thug gach éinne a fuair cuireadh ar an bpósadh leis é, ach na daoine muinteartha. Is minic a chuala m'athair ag rá go raibh an méid sin dí ann. Bhí an fuiscí ana-shaor insa tsaol san.

¹ Bhí sé seo tugtha aige don Dálach cheana, agus an leagan sin ar fáil in CBÉ, 977: 428.

244. *Cúig phunt don tsagart*¹ XI

10.12.44

CBÉ, 967: 22-24

Bhí *jobbéir* ag teacht 'on Daingean fadó. Bhí tig feirmeora ar an slí roimis, agus d'fhanadh sé ann. Bhí cailín óg sa tig. Mheas gach éinne gurbh í an cailín óg a bhí á thabhairt ann. Níorbh í, ná aon chúiteamh aige uirthi, ach nuair a bhí sé ag teacht fé dhéin an aonaigh tráthnóna Aoine:

“Nár mhór an trua ná féadfá a bheith againn istoíche amáireach,” arsa an feirmeoir, “beidh sí seo pósta.”

“Is dóigh, a muise, a dh'fhéadfainn,” arsa é sin, “beidh mé ar an bpósadh. Ní cheannóidh mé éinní amáireach,” arsa é sin, “d'fhonn go mbeinn ar an bpósadh.”

Do chuaigh sé ar an aonach, agus níor cheannaigh sé éinní an lá san i gcomhair na hoíche. Dhein sé fé dhéin tig an fheirmeora chun a bheith ar an bpósadh. Agus é ag déanamh ar an dtig, bhí an donn-dhoircheacht ann. Chuir sé a lámh ina phóca. Bhailíodh an sagart an uair sin sa tig go mbíodh an pósadh. Is amhla a bhailíodh sé airgead ós na daoine a bhíodh ar an bpósadh. Ach chuir sé punt airgid chuige lé tabhairt don tsagart. Nuair a tháinig sé isteach:

“Nach trua,” arsa an sagart, “ná rabhais anso ó chianaibh. Tá an bailiú déanta anois.”

“Ná déanfaidh sé an gnó anois comh maith,” arsa é sin, ag cuir a lámh ina phóca, agus ag tarrac aníos, agus cad a bheadh ann ach bille chúig bpunt. Ní chrapfadh sé a lámh.

“Á,” arsa an sagart, “tá sé rómhór.”

“Á níl,” arsa é sin.

“Á,” arsa an baitsiléar, “fear mór airgid é seo. B'fhéi' go gceannódh sé an bhean bhuamsa anois.”

“B'fhéi' go ndéanfainn,” arsa é sin, “cad atá bhuit uirthi?”

“An oiread so,” arsa é sin.

¹ l.s. ‘An feirmeoir a dhíol a bhean an oíche a phós sé í’. Tá taifeadadh fuaime de leagan eile den scéal seo le clos ar rian uimhir a haon déag ar an dlúthdhiosca.

Chuir sé a lámh ina phóca, is chomhairimh sé amach é.

“Maith an buachaill,” arsa an sagart, “beir air sin a bhúiste caca,” arsa an sagart, “an bhfuileann tú sásta lé é seo a phósadh?” arsa é sin leis an gcailín.

“Táim,” arsa í sin.

B'fhearr léithi é ná an fear a bhí pósta aici. Cheangail sé beirt acu dhá chéilig.

“Cuirse dhíot anois,” arsa é sin, “tá oiread *power* agamsa tú a scaoileadh a 'mhadáin,” arsa é sin, “is a bhí agam tú a cheangal.”

Chaith sé bailiú leis go fuar nochtaithe.

245. *An pósadh déanach i Sáipéilín Ghallrois*

25.2.45

CBÉ, 968: 28-30

Bhíodar thíos ar an Imleach fadó, sagairt ina gcónaí, agus do ghaibh lánú isteach lá chúthu go ndéanfadh sé iad a phósadh, agus ní raibh acu ach aon phunt amháin. Dúirt sé ná pósadh sé in aon chor ar an bpunt iad. Bhailíodar leo amach. Do ghaibh an *coadjutor* amach, agus bhuaileadar siar ón dtig. Níor thugadar a n-aghaidh ar aon bhóthar. D'fhair sé iad. Nuair a bhí Cathair Deargáin glan siar acu, d'imigh an *coadjutor*. Coisí maith ab ea é. Tháinig sé suas leo age Sáipéilín Ghallrois¹.

“Stadaídh anois,” arsa é sin, “pósfaidsa sibh ar an bpunt. Téire in airde ar an gclaí,” arsa é sin leis an bhfear, “is féach an gcífeá éinne a dhéanfadh fínné.”

Do chonaic sé fear tamall bhuathu, agus do ghlaigh sé air. Do tháinig an fear. Thug sé isteach 'on tsáipéilín iad, agus phós sé istigh i sáipéilín Ghallrois iad. Tháinig sé ar an imleach aríst.

“Dhóigh liom,” arsa é sin leis an sagart paróiste, “gurb olc an *job* athá déanta agat.”

“Canathaobh?” arsa an sagart paróiste.

“Táim ag féachaint ar an mbeirt úd ó ghaibheadar amach. Níor ghaibheadar trí aon bhóthar ó shin go n-imíodar as mo radharc.”

Níor dhein an sagart paróiste ach a cheann a thochas.

“Mo chiach go dubhach,” arsa é sin, “mar dhein m'athair sagart riamh díom.”

Shín sé chuige an punt.

“Cinnibh é,” arsa é sin, “is fearr liom ná deich cinn acu,” arsa é sin, “a rá go ndeinis é.”

¹ Tháinig deireadh leis an bhfiteán ag an bpointe seo, agus dhein an Criomhthanach athrá ar an abairt seo nuair a cuireadh tús leis an gcéad fhiteáine eile.

246. *Buachaill agus spéicéir ag lorg mná*

[?].8.44

CBÉ, 965: 43-44

Bhí fear ann, agus bhí buachaill insan áit, agus bhí sé in aos a seasca.

“Cogar,” arsa é sin leis an mbuachaill, “ná fuil sé in am ar p[h]ósadh.”

“Má tá,” arsa é sin, “níl éinne lé fáilt agam.”

“Cad déarfá léna leithéid seo,” arsa é sin, “an mbeifeá sásta léi?”

“Dhera, do bheinn,” arsa é sin.

“Raghadsa in aonacht leat anois ag déanamh an chleamhnais,” arsa é sin, “agus aon fhocal a déarfaidh mé,” arsa é sin, “ná tair trasna orm.”

Dúirt sé leis ná tiocfadh. Ach chuadar go dtí tig an chailín óig, agus cuireadh fáilthe rompu. Sarar shuíodar in aon chor:

“A leithéid seo a thug sinn,” arsa é sin, “mara bhfuileann sibh sásta, abraídh linn gabháilt amach.”

“Á suídh anois,” arsa fear an tí, “tá míle fáilthe anso romhaibh,” arsa é sin.

“Sin buachaill,” arsa é sin, “comh maith is do dh’fhéadfadh sibh a dh’fháilt in aon áit.”

“Tá dealramh maith air,” arsa fear an tí.

Mhol sé é, is mhol sé é.

“Is amhlaidh mar atá an scéal,” arsa é sin sa deireadh, “is fear ar muir agus ar tír é.”

“Ach ní rabhas riamh ar an muir,” arsa an buachaill.

“Ní rabhais, a dhiabhail, ná in aon áit eile go mbeadh gnó d’fhear,” arsa an spéicéir.

Agus d’éirigh sé don gcathaoir, agus bhuail sé an doras amach.

247. *Cailín ag dearbhú ar bhuachaill*

28.4.45

CBÉ, 968: 507-508

Bhí cailín fadó ann. Bhí sí ag dearbhú ar bhuachaill. Bhí an buachaill á shéanadh, agus ag dul ar a thóin ná raibh aon lámh sa chailín riamh aige. Ach sa deireadh thiar thall:

“Is ea,” arsa an buachaill, “más liomsa an leanbh, beidh dhá fhiacail aige nuair a saolófar é.”

Chuala ná raibh aon fhocal bréige ann ná go raibh dhá fhiacail ag an leanbh nuair a saolaíodh í. B’iontach an scéal é.

Bhí buachaill eile ann, agus do bhí sé fhéin, is cailín déanta suas le chéile. Dúirt sé go n-imeodh sé fhéin, go mbaileodh sé leis.

“Cad é an ainm a thabharfaidh mé ar an leanbh?” arsa í sin, “nuair a saolófar é.”

“Más iníon a bhíonn agat,” arsa é sin, “tabhair do rogha ainm uirthi, ach más mac a bhíonn agat, tabhair an diabhal air.”

248. *Diarmuid Ó Donnchadh an Dúin*

31.12.44

CBÉ, 967: 33-34

Bhí buachaill fadó ann, agus do chuaigh sé ag déanamh cleamhnais tamall ó bhaile, agus nuair a bhí sé ag imeacht, thug a athair blúire tobac do.

“Tabhair é sin don dall,” arsa é sin, “atá insa chúinne.”

Do chuaigh sé chun cinn. Do thug sé blúire tobac don dall. D’fhiarthaigh an dall do cérbh é fhéin.

Nis sé dho. Bhí an cleamhnas ar siúl.

“Nuair a raghaidh tú abhaile,” arsa é sin, “nis do Dhiarmuid Ó Donnchadh an Dúin:

Ó, is é údar ins gach dán,

gurb é a dúirt an dall a bhí sa chúinne,

gur thit crú ón láir bhán.”

Tháinig sé abhaile.

“Conas atá agat?”

“Ó, tá an cleamhnas déanta,” arsa é sin, “ach is é caint a dúirt an dall, dúirt sé liom a rá lé

Diarmuid Ó Donnachadh an Dúin:

Ó, is é údar ins gach dán,

gurb é a dúirt an dall a bhí sa chúinne,

go n-imigh crú ón láir bhán.”

“Fág id dhiaidh do chuid cleamhnais,” arsa é sin.

249. *Drochshonuachar*

[?].7.45

CBÉ, 977: 243-244

Bhí uncail eile dho m’athair, agus do cailleadh a bhean. Do phós sé aríst, agus má phós, ní maith an sonuachar a bhuail an tarna huair leis, agus do bhí an fear ag iascach. Bhí na hiascairithe ar fad tagaithe isteach ach é sin. Do bhí a bhean ag an gcé. Do chuir sí a thuairisc. Dúrtas léi gur imigh a spiléar bhuaidh, agus go raibh sé fanta á lorg. Bhí an tig in aice leis an gcé, agus níor mhaith an stiúir a bhí fúithi ag imeacht. Bhí sí isteach is amach nú go bhfeaca sí ag teacht é, agus sara raibh sé istigh in aon chor.

“A Pheaidí,” arsa í sin, “imigh do spiléar bhuaith.”

Níor thug sé aon tor uirthi.

“A Pheaidí,” arsa í sin, “nár imigh do piléar bhuaith.”

Níor thug sé aon tor aríst uirthi. Dúirt sí an tríú huair:

“A Pheaidí, nár imigh do spiléar bhuaith.”

“D’imigh rud bhuamsa,” arsa Peaidí, “ba mheasa dhom ná an spiléar, an bhean ná scaoilfeadh amach ar céalacan mé.”

Bhuail sí a ceann fúithi, is bhailimh léi¹.

¹ Bhí leagan eile den eachtra seo le fáil in §249 | CBÉ, 977: 243-244.

250. *Ní hé lá na gaoithe lá na scolb*¹

7.1.45

CBÉ, 967: 247-25

Do bhí feirmeoir fadó ann. Do bhí iníon aige. Aon oíche amháin, do tháinig triúr buachaillí fé dhéin cleamhnais a dhéanamh ann. Níorbh é aon áit amháin in aon chor iad. Do bhíodar tamall óna chéile. Do bhí páiste rompu. Fuaireadar bia, ach níor cuireadh aon chleamhnas ar bun. Tréis bia a bheith ite acu, do shéid an oíche ar ghaoth. Amach lé muintir an tí. D'éirigh beirt dos na buachaillí, is seo amach iad. Bhí buachaill eile ann, is shuigh sé thuas insa chúinne. Do bhain sé dho a bhróga. Thug sé a bhoinn don tine, ach nuair a thánadar isteach, níor mhaith an tsúil a thug an feirmeoir air. Maidin lá arna mháireach:

“Baochas lé Dia,” arsa é sin, “nár shéid an ghaoth aréir go raibh triall agam ar na buachaillí. Níor mhaith an earra é siúd a dh'fhan istigh.”

“N’fheadaraís ciacu,” arsa an iníon, “b’fhéidir nách é lá na gaoithe lá na scolb aige sin. B’fhéidir ná fuil aon taithí aige a bheith amach insa ghaoith. Ní fheaca riamh sibhse, ach ag rith amach nuair a thagann gaoth. B’fhéi’ go bhfuil an chuid ceangailte aige féin age baile.”

“Dhera, náire chuige,” arsa é sin.

“Is ea, tabhair lón dom,” arsa an iníon léna máthair, “agus siúlód orthu súd.”

“Níor thug sí aon chuntas dhon athair² air.”

Do dhein a mháthair lón suas di, agus d'imigh sí uirthi i bhfeirm mná boichte, agus ní mór go gcífeá a haghaidh in aon chor. Do chuaigh sí go dtí tig duine dhos na buachaillí do rith amach sa ghaoith. Ní raibh istigh roimpi ach bean. Ní raibh aon ana-chuma ar an mbothán tí a bhí aici. D'iarr sí a bheith istigh. Dúirt sí go bhfaigheadh, ach ní fada a dh'fhan sí ar an dtinteán. Shín sí sa chúinne, agus i gcionn tamail don oíche, tháinig an buachaill isteach.

“An bhfuil éinní beirithe agat?” arsa an buachaill.

¹ Luaitear trí phátrún a bheith leis an scéal seo in TIF 1455 mar a bhfuil leagan seo Mhic Criomhthain áirithe. Leis an gcéad phátrún a bhaineann an leagan seo: “a girl disguised as a beggar visits the houses of her three suitors”.

² l.s. ‘t-athair’

“Níl,” arsa í sin, “ná éinní agam lé beiriú.”

Chualaigh sí an tiomáint.

“Tá gráinne mine ansan i mála agam,” arsa an bhean siúil, “agus dein císte dho, nó blúire leitean.”

Do dhein. Bhailimh sí léi ar maidin lá arna mháireach, agus do dhein sí fé t[h]ig an bhuachaill eile. Bean a bhí ansan roimpi aríst, agus d'iarr sí a bheith istigh. Fuair. Is ea, ní fada a dh'fhan sí nuair a shín sí sa chúinne. Nuair a tháinig buachaill an tí sin, bhí ladhairín éigin prátaí beirithe roimis, agus nuair a bhíodar ite aige:

“An gcuiris abhaile an chasóg a bhí agam an oíche úd?” ar seisean lena mháthair.

“Níor chuireas,” arsa í sin, “ba chirte dhuit fhéin í a chuir abhaile. Ba chirte dhuit í a dh'fhágaint id dhiaidh,” arsa í sin.

“Tá go maith,” arsa bean an chúinne léi féin.

Do chuir sí dhi ar maidin, agus bhí sí ag cuir tuairisc go mbain sí amach tig an bhuachaill eile. Do bhain do a bhróga, agus do théigh a chosa leis an dtine. Nuair a bhí sí ag déanamh ar an dtig, do bhí cuma an bhídh agus an bhrothaill ar a thig, agus ar a iothla. Is iad a bhí go ceangailte. Do chuaigh sí go dtí an doras, agus sara n-iarr sí a bheith istigh, dúirt bean an tí léi suí aníos. Do shuigh sí suas. Bhí corcán prátaí ar an dtine, agus corcán feola in imeall na tine. Nuair a bhí na prataí beirithe, do thóg an baitsiléar síos iad, agus do scag sé iad, agus do chuir sé ar an mbord iad. Cuireadh an fheoil ar an mbord. Rug sé ar ghuala ar an mnaoi bhoicht, á cuir ar cheann an bhoird, agus dúirt sí ná raghadh. Bhí sé ag tathant.

“Stad,” arsa a mháthair, “bíonn náire ar mhná bochta dul go dtí bord. Íosfadsa, agus í fhéin sa chúinne.”

Fuair sé pláta, agus chuir sé pláta mór prátaí chúthu, agus pláta feola, agus muga bainne go dtís gach éinne acu, agus d'itheadar. Bhí sí scanraithe go gcífi a haghaidh i gceart, agus theastaigh bhuaidh ansan go raghadh sí i leabaidh i seomra, ach dúirt sí ná raghadh, go mb'fhearr léi síneadh insa chúinne. Chuir sé leaba mhaith insan chúinne chúichi, agus ba é ab fhada léi go raibh an lá aici

chun cuir di. Bhí an t-eagla uirthi go gcíffí a haghaidh. Ach nuair a tháinig an lá, do chuir sí dhi, agus nuair a tháinig sí abhaile, d'eachtraigh sí cúrsaí.

“Cuir scéala chuige siúd,” arsa í sin, “go tapaidh, é siúd a dh’fhan istigh an oíche úd.”

Do cuireadh scéala chuige, agus do deineadh cleamhnas leis sin. Níorbh aon óinseach an cailín.

251. *Mac feirmeora agus iníon tiarna*

8.4.45

CBÉ, 968: 343-348

Bhí mac feirmeora fadó ann, agus bhí éileamh aige ar iníon tiarna. Gan dabht, ní raibh mac an f[h]eirmeora maith a dhóthain d'iníon an tiarna, ach b'fhearr leis go mbeadh sí fuadaithe aige. Bhí fiagaí ag an Tiarna Brúnach, is bhí ana-mhuinín aige as. Do chuaigh sé chuige, agus do cháisimh sé an scéal leis, fhéach an raghadh sé ina theannta.

“Is maith athá a fhios agat,” arsa an fiagaí, “go bhfuil beatha duine uasail agamsa, is dá bhfaighfí amach go ndéanfainn a leithéid sin, bhíos caite amach go deo as.”

“Ní gheobhaidh éinne amach é,” arsa é sin.

Bhí leisce air é a dh'eiteach.

“Níor mhór ‘uit duine eile a dh'fháil,” arsa é sin, “tair in airde ar an gcapall chugham.”

Do chuaigh, agus d'imíodar féna déin, agus nuair a fuairadar amuigh í, do ghreamaíodar í, agus do chuireadar ar an gcapall í. Bhí *belt* ag an bhfiagaí, agus do chuir sé thairsti¹ aniar é, agus ghreamaigh sé go maith dho fhéin an *bhelt*. Ní raibh aon bhaol go gcaillfeadh sé í. Chomáin sé leis, agus do bhí droichead roimis ar an mbóthar. Bhí *mob* ar an ndroichead roimis ar an mbóthar. Bhí *mob* ar an ndroichead roimis, agus ní fhéadfadh sé an droichead a chuir do. D'imigh sé suas cois na habhann. Abha mhór leathan ab ea í. Dh'iompaigh² sé an capall ar bhruach na habhann, agus do thug sé na spoir don gcapall. Do ghlan an capall an abhainn.

“Mo ghrá thú Jaison,” arsa é sin.

“Ó, tá a fhios agam cailim³ anois,” arsa í sin.

C[h]loisinn m'athair á rá i gcónaí ná raibh aon chapall ag an dTiarna Brúnach ab fhearr ná Jaison:

“Agus duit fhéin mé,” arsa í sin.

“Ní hea,” arsa é sin.

¹ l.s. ‘théirste’

² l.s. ‘dh'iompaí’

³ .i., “cá bhfuilim”

“Beir chugham é sin,” arsa í sin, “agus beidh an scéal go hana-mhaith. Beidh mé féin, agus mo mhuintir go hana-shásta.”

“Á, ní dhéanfad,” arsa é sin.

Rug sé go dtí mac an fheirmeora í, agus do buaileadh isteach i seomra í. Ní raibh aon easpa uirthi. Do bhí sí ansan istigh. Bhíodh scoláirí na scoile ag gabháilt thairis an dtig maidean is tráthnóna. Do scrígh sí leitir, agus do thug sí do cheann dos na scoláirí é, agus dúirt sí léi é sin a phóisteáil. Bhí gach éinní curtha aici sa leitir, cá raibh sí, is cé a dh’fhuadaigh í. Do chuaigh an leitir go dtína hathair, agus do tháinig a hathair go dtí an Tiarna Brúnach, agus d’eachtraigh sé dho cad a bhí déanta ag an [bhf]iagaí¹. Do ghlaoiigh an Tiarna Brúnach ar an bhfiagaí, agus cheistigh sé é. D’aithin sé go maith air é. Níor fhan sé le haon chúirt a chuir air, ach príosún ar feadh a shaoil, gan aon ghabháilt amach. Bhí sé ceannaithe go maith ag an bhfiagaí.

Buaileadh isteach é, agus tamall ina dhia’ san, do bhí driotháir ag an dTiarna Brúnach i mBaile Átha Cliath. B’shin é an marcach ab fhearr a bhí ann, agus fiarthaíodh do an bhfeaca sé an máistir sin riamh. Dúirt sé go bhfeaca. Dúrtas leis ná feaca. Chuir sé síos geall trom go bhfeaca. Níor chuimhnigh sé ar an bhfiagaí a bheith sa phríosún go dtí san. Bhí an geall thíos aige. Tháinig sé abhaile. Do chuaigh sé go dtí an driotháir, go dtí an Tiarna Brúnach. Dúirt sé leis go raibh sé comh maith aige an fiagaí a scaoileadh amach fhéach an ndéanfadh sé an geall a tharrac do.

“Tá a fhios agat,” arsa an Tiarna Brúnach, “ná fuil aon ghabháilt amach aige sin ar feadh a shaoil.”

“Bhuel, tabharfadsa chughat aríst é,” arsa é sin.

Bhí sé ag gabháilt do, ach bhog sé é. Do chuathars go dtí an bhfiagaí, agus eachtraíodh do. Dúirt sé go raghadh sé ann, agus go raibh sé sásta le teacht ’on phríosún aríst. Tháinig an lá a bhí pointeáltha acu, agus d’imigh an fiagaí, agus a chapall, agus buachaill eile ina theannta, ach nuair a bhíodar ag déanamh ar Bhaile Átha Cliath, dúirt sé leis an mbuachaill imeacht roimis, agus an capall a chuir ar stábla, agus gan aon easpa a bheith air. Bhí sé fhéin ag siúl, is é ag déanamh ar Bhaile Átha Cliath,

¹ Focal dar thús guta, is léir, a shamhlaíonn an Criomhthanach a bheith sa bhfocal ‘fiagaí’ istigh sa bhfrása tabharthach seo. Tabhair faoi deara go bhfuil intinn an scéalaí athraithe sa chéad abairt eile.

do bhí meitheal fear istigh i ngort, agus labhair sé leo.

“Tánn sibh ag obair ana-dhian a fhearaibh,” arsa é sin.

“Ná suífeadh sibh, agus an tobac a dheargadh.”

Shuíodar. Bhí cuid acu nár dhearg a bpíp in aon chor. Thug sé blúire tobac dóibh.

“Is deas an áit é seo,” arsa é sin

“Á mbeifeá anso amáireach,” arsa iad san, “is ea a chífá an spórt.”

“Cad a bheidh ann?” arsa e sin.

D’eachtraíodar do. Is dócha nách gá dhomhsa é a dh’eachtraí in aon chor.

“Conas a bheidh an fiach?” arsa é sin.

“Scaoilfear amach an fia as ghairdín an mhéara athá ar an mbaile mór,” arsa é sin, “agus tabharfaidh sé cúrsa isteach, agus raghaidh sé suas go barra an chnoic úd thuas, agus raghaidh sé isteach i bpoll athá ansan.”

“Ach ní mór an spórt é sin,” arsa an fiagaí, “do thabharfainn a phá go maith dhon té a raghadh suas, agus do bheadh istigh sa pholl, agus nuair a raghadh sé isteach, é a phriocadh amach aríst, agus má dhéanfadh sibh é sin,” arsa é sin, “do thabharfainnse úr bpá go maith dhíbh d’fhonn is go mbeadh spórt mór againn.”

Bhí gach éinne acu toilteanach lé é a dhéanamh. Ach do chuaigh duine acu ann lá arna mháireach. Scaoileadh amach an fia. Do bhí beirt acu le chéile, é fhéin, agus iníon an mhéara, agus do bhí cúrsáil mhór acu. Do bhain an fia amach an poll sa deireadh, agus do chuaigh isteach. Do liúigh sí go raibh aici. Ní túisce sin ná priocadh amach an fia seo le chéile iad. Níorbh fhada gur fhág an fiagaí ina dhiaidh í. Nuair a bhí sé ag déanamh ar chúirt an mhéara, chas sé an fhuip timpeall ar adharc an fhia, agus do phreab anuas, agus do chaith an ceann do lena chlaíomh. Scread an méara air gan a cheann in aon chor a bhaint do, is go ngeobhadh sé an oiread san airgid.

“Do bhainfinn,” arsa é sin, “agus díot fhéin.”

Bhí an geall age driotháir an Tiarna Brúnach, agus d’fhan sé i mBaile Átha Cliath an oíche sin, agus lá arna mháireach, níor fhág sé aon tart ar na buachaillí, mar dúirt sé leo teacht chuige tréis a chúrsa.

Fuaireadar a ndóthain le n-ól bhuidh, agus fuair an té a chuaigh 'on pholl, do fuair sé a phá go maith bhuidh. Níor ligeadh an fiagaí in aon phríosún an chuid eile dhá shaol.

Chualaís cheana é sin!

252. *Coinníl phósta idir bheirt naíonán*¹ V

10.12.44

CBÉ, 967: 15-21

Bhí feirmeoir thíos ar an Imleach fadó, agus do bhí feirmeoir eile thiar i nGallros. Ba ghnáthach lé feirmeoirí nuair a bhuailidís lé chéile go mbíodh scéal mór fada acu ag cuir síos ar a ngnóthaí. Do saolaíodh mac óg d'fheirmeoir na Muirí oíche, agus do chuaigh sé 'on Daingean lá arna mháireach. Do bhuail feirmeoir Gallros² leis. Labhradar fhéin le chéile.

“A leithéid seo a thug anuas mise inniubh,” arsa feirmeoir an Imligh, “do saolaíodh mac óg aréir dom.”

“An rud céanna a thug anuas mise,” arsa feirmeoir Ghallrois, “do saolaíodh iníon óg dom.”

Do chuadar isteach, agus do dh'óladar braon, agus bhíodar ó bhraon go braon nó gur dheineadar cleamhnas idir an mbeirt a saolaíodh an oíche roimis sin, agus do thairrigíodar coinníl. Do thánadar abhaile. D'imigh an scéal timpeall go raibh an cleamhnas déanta idir an mbeirt ná raibh ach saolaithe ó aréir roimis sin. D'éiríodar suas, is níorbh fhada gur bhuail feirmeoir an Imligh breoite, agus cailleadh é, agus do cailleadh a bhean. Rug fear Ghallrois leis an bheirt leanbh, beirt gharsún a bhí ann, agus nuair a tháinig sé iontu, do chuir sé ar scoil iad. Do bhí an ceann óg, bhí sé ag slogadh léinn ar nós na gaoithe, agus nuair a tháinig sé chun aos a cúig déag do bhlianaibh, do bhailimh sé leis. Bhailimh sé leis, agus do chuaigh sé i bhfad Éireann ó bhaile. N'fheadair éinne cá raibh sé imithe, ach do bhuail sé isteach i dtig feirmeora, agus d'fhiarthaigh an feirmeoir do cad a bhí air. Dúirt sé gur ag lorg ionad aimsire a bhí sé. Thóg an feirmeoir é, agus bhí sé ag obair go maith i dtig an fheirmeora. Bhí máistir scoile ag teacht go tig an fheirmeora gach aon oíche ag múineadh clainne, agus cé a bhí sé ag múineadh, bhí sé ag múineadh an gharsúna so. Ba mhór an seó mar bhí léann ag rith chuige. Dúirt an máistir scoile leis an bhfeirmeoir gur mhór an trua gan teanntú leis sin, agus é a chuir 'on choláiste. Do dheineadar. Chuireadar 'on choláiste é, agus do tháinig sé

¹ Tá taifeadh fuaime den scéal seo le clos ar rian uimhir a cúig den dlúthdhiosca, agus 'Geallúint phósta' an teideal a thugtar air mar mhír sa chatalóg. Cloítear le teideal Sheosaimh Uí Dhálaigh san eagrán seo.

² Fágtar an logainm seo gan infhillleadh ar lorg 'feirmeoir', cé nach ndéantar aon fhaillí níos déanaí ar 'Imleach' a infhillleadh ar lorg an fhocail chéanna.

amach ina shagart. Do tháinig sé go tig an fheirmeora an oíche sin, agus do thug sé tamall ann. Fuair sé mórán aifrintí lé rá. Thaibhrimh sé go dtabharfadh sé fé theacht ar thuairisc a dhriothár a fhéachaint conas a bhí aige. Do ghluais sé, agus ní raibh sé dealbh. Fuair sé síntiús maith ón bhfeirmeoir ag fágaint, agus do fuair sé síntiús ón máistir scoile. Bhíodar ana-bhaoch dho. Do ghluais sé air. San Inid ab ea é, agus nuair a tháinig sé i radharc a áite fhéin, do bhí bacach ina choinne. Bhí an oíche ag teacht.

“Is mór an obair,” arsa é sin leis an mbacach, “nách ar phósadh éigint athánn tú.”

“Ní hea,” arsa an bacach, “b’fhearr liom síneadh i gcúinne éigint ná a bheith ar aon phósadh¹. Áit trangláltha shuaite is ea a bheith ar phósadh ar a shon² go bhfuil pósadh inár radharc ansan thall,” arsa é sin, “agus tá cuid mhaith bhacaigh timpeall air i gcomhair na hoíche, agus is é an pósadh éagórach é,” arsa é sin.

D’eachtraigh sé don sagart.

“An gcíonn tú an tig úd thall?” arsa é sin.

“Chím,” arsa an sagart.

“Bhí feirmeoir maith ansan,” arsa é sin, “agus do saolaíodh mac óg do oíche. Do chuaigh sé ’on Daingean agus do bhuail feirmeoir ón mbaile seo is giorra dhúinn leis, agus do chaintíodar fhéin le chéile. Is é an rud a thug anuas mé inniubh,” arsa feirmeoir na háite thall, “saolaíodh mac óg aréir dom. An rud céanna a thug mise anuas arsa an feirmeoir eile. Do saolaíodh iníon óg dom. Chuadar isteach, agus dh’óladar braon. Bhíodar ó bhraon go braon, go ndeineadar cleamhnas idir an mbeirt a saolaíodh an oíche roimré, agus do thairrigíodar coinníl eatarthu. Do thánadar abhaile. D’imigh an scéal timpeall. Níorbh fhada gur cailleadh an feirmeoir thall, agus a bhean, agus do thug an feirmeoir abhus, thug sé leis an bheirt leanbh a bhí ann. Beirt g[h]arsún a bhí ann. Nuair a tháinig sé iontu, do chuir sé ar scoil iad. Bhí an ceann óg, bhí sé ag foghlaim léinn ar nós na gaoithe. Nuair a tháinig sé in aos a chúig bliana déag, do bhailimh sé leis. Ní bhfuarthas aon tuairisc ó shin

¹ l.s. ‘phósta’

² l.s. ‘ruthan’

air. Tá driotháir críonna insa tig thall anuas leis, agus tá a chuid talún á dh'fháilt age iníon an fheirm abhus, agus fear eile. Is mór an éagóir é.”

“An dtabharfá dhom an mála san ort,” arsa an sagart, “agus do chasóg?”

Bhí a fhios aige gur sagart é.

“Á, a athair,” arsa é sin, “shaileoidís tú.”

“Ní dhéanfad,” arsa é sin, “gheobhaidh tú amáireach aríst.”

Chaith sé síntiús maith airgid chuige.

“Is ea, beidh cuileachta sa tig sin is dócha,” arsa an sagart.

Fuair sé an maide, agus an chasóg, agus an paca, agus do dhein sé fé dhéin tig an phósta. Bhí bacaigh ag baint na gcos dá chéile ann. Thairrig sé crústa ar bhacach. Thairrig sé crústa ar bhacach eile. Is gearr go rabhadar ag cuir na gclathach dóibh ag teitheadh bhuidh. Tháinig teachtaire isteach go tig an phósta go raibh aon bhacach amháin ag teacht, agus ná fágfadh sé bacach timpeall an tí acu. Ach a dtáinig sé isteach, cuireadh céad fáilte roimis. Cuireadh cathaoir chuige. Tugadh deoch fuiscí chuige.

“Á, níl aon dealramh le bheith ag ól,” arsa é sin, “go dtí tréis an phósta.”

Fé chionn tamaill:

“An mbíonn aon chuileachta anso agaibh,” arsa é sin, “sara dtagann an sagart?”

“Ní bhíonn,” arsa iad san.

“Dhera, insan áit dhéanach go rabhas-sa,” arsa é sin, “is é an cleas a bhíodh acu sara dtagadh an sagart, bhíodh mac an duine bhoicht, iad fhéin ag pósadh a chéile, póstaí mac an duine bhoicht lé iníon an fheirmeora, agus póstaí mac an fheirmeora lé iníon an duine bhoicht. Tagadh beirt éigin anso.”

Dhera ní túisce sin ná rug cailín ar bhuachaill, is chuadar ar a nglúine chuige. Níor dhein sé aon phósadh mór orthu, ach bhí beirt is beirt ag teacht, cuileachta is gáirí an domhain acu, an driotháir sa chúinne, agus é ag gabháilt tríd.

“Cad é an saghas ’madáinín é sin sa chúinne?” arsa é sin.

“Dhé, madáinín bocht é sin,” arsa iad san, “mheas sé gur aige a bheadh bean óg an tí seo.”

“Cá bhfuil an bhean óg?”

Bhí sí¹ sa tseomra. Glaodh uirthi.

“Dhé, tair anuas is féach an bhféadfá aon bhogadh a bhaint as san sa chúinne. Féach an bhféadfá aon *action* a dhéanamh air.”

Dhé, do tháinig sí, is do rug sí ar ghualainn air, is do thug sí léithi é, is chuadar ar a nglúine. Mo léir dhóite, do cheangail sé iad, agus ní ar dtuathal é. Nuair a bhí an méid sin déanta, dúirt sé gur dócha nách fada go mbeadh an sagart ag teacht, agus ná raibh aon ghnó age bacaigh a bheith roimis. D'imigh sé i gcúinne dorchá, i leataoibh. Nuair a tháinig an sagart isteach:

“Táim ábhar déanach,” arsa an sagart, “cail an lánú?”

Bhí casóg caite anuas aige. Do tháinig sé ar an urlár. Labhair sé as Laidin leis an sagart. Thug sé tamall maith ag caint leis. Labhair an sagart leis an bhfeirmeoir:

“An raibh a leithéid seo i gceist?” arsa é sin.

Bhuail an feirmeoir a cheann fé.

“Tóg suas do cheann,” arsa é sin, “d'aithneodh éinne gur rógaire thú. 'Cheart náire a bheith ort. Tá t'iníon ceangailte anois leis seo,” áras é sin, “agus ní fhéadfainnse iad a scaoileadh. Tabhair aire mhaith dho. Is é Dia a dhein an méid sin,” arsa é sin, “ag cuir a dhriotháir sa treo so ina shagart chun an méid seo a dhéanamh.”

1 l.s. 'sé'

253. *Is mó póg milis a thugas-sa riamh duit*

31.12.44

CBÉ, 967: 35-36

Bhí baintreach fadó ann. Bhí aon mhac amháin aici. Bhí sé ag dul san aos. Bhí gach éinne á rá leis, á mbeadh a mháthair as an slí, go bhfaigheadh sé bean. Ach dúirt sé léna mháthair lá.

“Muise a mháhair,” arsa é sin, “deir gach éinne liom, á mbeifeása as an dtig, go bhfaighinn bean, agus socróidh mé an seomra athá ar dtaobh thuaidh ’on dtig duit, agus féadfair dul ann, agus má bhuaileann éinne liom, tabharfaidh mé liom aríst tú.”

“Táim sásta leis a dhalta,” arsa an mháthair.

Shocraigh sé an seomra dhi, agus do chuaigh sí chun cónaithe ann, agus níorbh fhada go bhfuair sé bean. Tréis a bhean a dh'fháilt, ní raibh sé ag dul i ngaire a mháthar. D'imíodh an bhean bhocht leis an oíche ar maidin ag soláthar blúire bídh do fhéinig, agus bhíodh an oíche aici nuair a thagadh sí. Bhíodh náire uirthi éinne á feiscint. Bhí sé isteach sa tsamhradh.

“Is dóigh liom,” arsa é sin léna bhean, “go dtriallfadh mé na prátaí nua.”

“Má tá aon tuairim agat dóibh.” arsa an bhean, “dein.”

D'imigh sé, agus bhí an gort ar thaobh an bhóthair. Chonaic a mháthair é, agus d'imigh sí féna dhéin. Bhí an bhean ag féachaint. Chonaic sé ón ndoras í. Níor thóg sé a cheann is í as a chionn in airde ag an gclaí. Ach nuair a tháinig sé abhaile:

“Conas atá na prátaí?” arsa í sin.

“Táid siad go maith,” arsa é sin.

D'fhéach sí orthu.

“Táid,” arsa í sin.

“Cad é an bhean í siúd a ghaibh chughat?”

“Mo mháthair,” arsa é sin go lag.

“Cad a dúirt sí? Ní fheaca ag tógaint do chinn tú.”

“Ní mór é.”

“Ach cad a dúirt sí?”

“Bhí sí ana-dheisbhéalach riamh,” arsa é sin.

“Mo ghrá is mo chumann tú,” arsa í sin,

“a rúin is a chiallaigh, is mó póg mhilis a thugas-sa riamh 'uit,

an oíche a rugadh tú, a d'fhulaigíos pian ort,

do thána inniubh chughat im chuireadh gan iarraidh.”

“Do tháinig go díreach mhuisse,” arsa í sin, “is níor mhaith a thógaint a dhein sí ort. Cuir díot anois, agus tabhair leat do mháthair, nó beadsa ag cuir díom.”

Chaith sé dul ag triall ar an máthair, is í a thabhairt isteach 'on tig. Chuir sí suite thuas insa chúinne í. Chuir sí céad míle fáilte roimpi.

“Sin é do chúinne,” arsa í sin, “faid is a mhairfir. Nigh na prátaí sin dúinn,” arsa í sin léna fear.

Do nigh. Chuir sé ar an dtine iad. Nuair a bhíodar beirthe, chuir sí máthair a chéile ar cheann an bhoird, agus d'itheadar na prátaí go suáilceach. Bhain sé na prátaí lá arna mháireach. Bhí sé ag dul á ní.

“Ná bac anois iad,” arsa í sin, “nífidh mé fhéin iad an chuid eile dh'ár saol.”

Chaitheadar an saol go suáilceach i dteannta a chéile. Ba mhaith an bhean mhic í sin.

254. *Lánú a pósadh dhá uair*

15.4.45

CBÉ, 968: 440-441

Bhí lánú insan áit seo fadó, agus do thiteadar amach le chéile. D'imíodar fhéin óna chéile. D'imigh an bhean go Meiriceá. Tamall tréis í a dh'imeacht, do dhein sé suas le bean eile. Do tháinig sé go dtím athair go dtiomáinfeadh sé siar ar an mBuailtín iad. Dúirt sé go dtabharfadh sé dhá lá oibre dho, ach iad a thiomáint siar. Do thiomáin, agus scaoil sé isteach 'on tsáipéal iad. Chuaigh sé ag cuir an chapaill isteach i ngeáird. Nuair a bhí an capall scortha aige, chuaigh sé fé dhéin an tsáipéil. Bhí an lánú ina choinnibh amach.

“Tá ár dturas díomhaoín,” arsa an fear, “ní phósfadh sé sinn gan a thuilleadh airgid¹.”

D'iompaigh m'athair isteach aríst iad. Bhí an sagart istigh.

“a Athair,” arsa é sin, “pós iad so, agus tabharfaidh mé leathshabhraín bhuam fhéin duit, ach iad a phósadh sa tslí is nách gá teacht arís leo. Bhí so pósta cheana.”

Thug an sagart ceathrú uaire a chloig ag gáirí.

“*By Gor*,” arsa an sagart paróiste, “pósfaidh mé gan éinní anois iad ar do shon.”

Ach do phós sé iad, agus i gcaitheamh an bhóthair aniar, bhí an fear ag guíochtaint:

“Míle baochas le Dia, mara mbeadh tú a bheith in aonacht linn, bhí ár dturas díomhaoín, ní pósfaí in aon chor sinn.”

Nuair a bhí a chlann san tógtha, is a bhformór pósta, do chuala gur pósadh an [t]seana-lánú san aríst, Céadaoin an Luaithrigh, is iad pósta le fada roimis sin. Nach ait an rud é.

¹ Móitíf na cléire saintí, c.f. MI A1370.

255. *Leigheas ar achrann idir lánúin*

[?].9.46

CBÉ, 981: 366-368

Ní réiteodh aon bheirt tuathalach le chéile go deo. Bhí bean ann, agus bhíodh a fear ag gabháilt di. Bhíodh oiread feirge air agus go mbuaileadh sé go minic í. Ach chuaigh sé go dtí an sagart. Nis sí a ghearánta dhon sagart.

“An bhféadfá aon chabhair a thabhairt dom?” arsa í sin leis an sagart.

“Téanam,” arsa é sin.

Thug sé dhi buidéal.

“Gach aon uair,” arsa an sagart, “a bheidh páisiún ar t’fhear, tóg bolgam do san. Cinnibh id bhéal é go ceann tamaill. Féadfair é a chaitheamh amach ansan,” arsa é sin, “nú é a scaoileadh siar, ní m[h]aróidh sé in aon chor tú.”

Rug sé léithi an buidéal, agus an chéad uair a tháinig pásiún ar an bhfear, t[h]óg sí bolgam don mbuidéal. Níor fhada a sheasaimh páisiún an fhir, agus faid is bhí sí ag caitheamh an bhuidéil, bhí ana-shuaineas aici. Nuair a bhí an buidéal ídithe aici, bhain sí amach an sagart aríst.

“Is ea,” arsa an sagart, “conas atá agat?”

“Á,” arsa í sin, “tá suaineas na bhflaitheas agam faid atáim ag caitheamh an bhuidéil. Tá sé caite anois agam,” arsa í sin, “an bhféadfá é a líonadh aríst?”

“Féadfair féin é a líonadh anois,” arsa an sagart, “do bhí a fhios agam go raibh smut maith don locht ort féin,” arsa an sagart, “á ligfá dho an méid sin a chuir do,” arsa é sin, “sin a mbeadh ann, ach ní mar sin a bhí agat. Bhítá á chimeád suas leis choíche go mbeadh an focal deireanach agat fhéin. Féadfair féin é a líonadh anois,” arsa é sin, “is beidh suaineas ar feadh do shaoil agat.”

256. *Meáig agus an Muga Óir*¹ XIII

18.2.45

CBÉ, 967: 506-509

Do bhí feirmeoir fadó ann, agus bhí iníon aige, agus bhí sé ceaptha amach aige – an té a gheobhadh lé pósadh í, go ngeobhadh sé muga óir in aonacht léithi. Bhíodh a lán ag déanamh air. Bhí triúr driothár a bhí ana-shiúlach air. Do cuireadh corp sa roilig lá áirithe. Do labhair sé lé duine dhos na driotháracha.

“Á raghfá ag faire an tuama san anocht,” arsa é sin, “tá eagla orm go mbeidh bithiúnaigh ag gabháilt di go deimhin fhéin,” arsa é sin, “agus aire a thabhairt di, gheobhaidh tú,” Máiréad ab ainm don iníon, “gheobhaidh tú Máiréad, agus an muga óir.”

Do ghaibh sé go dtí an tarna driotháir, agus dúirt sé an chaint chéanna leis, agus dúirt sé an chaint chéanna leis an tríú driotháir. D'imigh an driotháir críonna ar thiteam na hoíche, agus shín sé in aice leis an dtuama. I gcionn tamaill, do bhraith sé an duine chuige, agus d'éirigh, agus do thug fé léna mhaide. Seo beirt acu ag léasadh a chéile. Tháinig an tríú driotháir, agus bhíodar nách mór marbh agena chéile. D'aithin sé iad. Chosain sé iad.

“Thá déanta go maith agaibh,” arsa é sin.

Chuadar abhaile brúite tinn agena chéile.

“É mhuisse,” arsa an driotháir óg, “béarfaidh an diabhal leis é, nó tiocfadsa suas leis.”

Fé chionn tamaill ina dhiaidh sin, do bhain sé amach buachaill a bhí ag an sagart, agus d'iarr sé air, má dh'fhéadfadh sé é, culaith an tsagairt a thabhairt do ar feadh tamaillín. Bhí sé ana-mhór leis. Do dhein, agus fuair sé culaith an tsagairt do, agus d'imigh sé fé dhéin tig an fheirmeora. Bhíodh súil age daoine an uair sin go dtiocfadh naomh chúthu chun báis, agus do labhair sé siar i lár na hoíche ag an ndoras, agus fiarthaíodh do cé a bhí ansan. Dúirt sé gur naomh é fhéin a bhí tagaithe anso. Osclaíodh an doras, agus scaoileadh isteach é.

¹ Tá taifeadadh fuaime den eachtra seo ar fáil ar rian uimhir a trí déag den dlúthdhiosca, mar a dtugtar Meaig Meaigí Óir mar theideal air.

“Is ea,” arsa é sin leis an bhfeirmeoir, “caithfidh sibh faoistine a dhéanamh anois,” arsa é sin, agus “caithfidh tú,” arsa é sin, “gach aon ribe gruaige dá bhfuil ort,” arsa é sin, “a bhaint díot. Tháinís ar an saol so gan aon ribe gruaige, is caithfir imeacht as aríst gan aon ribe gruaige.”

Fuair sé susúr, agus bhearraigh sé a cheann, agus fuair sé rásúr, agus bhearraigh sé leis an rásúir é. Thug sé faoistine do, ach níor chuir sé síos cad a dhein sé leis an dtriúr buachaillí.

“Níl faoistine ghlan déanta agat,” arsa an buachaill, “cad a dheinis leis an dtriúr buachaillí úd?”

“Ó, tá an ceart agat,” arsa é sin, “do dheineas.”

“Caithfidh tú ábhar pionós a dh’fháilt ar an gcathaoir sin anois mar gheall ar an méid sin.”

Thug sé faoistine dá mhnaoi.

“Cail t’iníon?” arsa é sin.

“Tá sí sa tseomra.”

Chuaigh sé go dtí an inín. Do thug sé faoistine níos fearr ná san don inín sa tseomra, agus fuair sé, sara raibh an bhliain suas, do fuair sé Máiréad agus an muga óir gan a mbaochas. Is deas a tháinig sé suas leo.

257. *Má tá Ceallachán namhadach, níl asachán leis*

7.1.45

CBÉ, 967: 253-254

Do bhí feirmeoir fadó ann, ach do bhí iníon aige. Tháinig buachaill ag déanamh cleamhnais leis. Do dheineadar an cleamhnas. Bhí gach éinní fachta ar a thoil ag an mbuachaill – ach nuair a chonaic sé gach éinní fachta ar a thoil aige. Istigh sa chistin a bhíodh na capaill an uair sin ages na daoine. Is cuimhin liom fhéin iad a bheith istigh acu. Ach do bhí an capall istigh, agus braimichín glas in aonacht leis.

“Is ea,” arsa an buachaill, “ní bheidh mé sásta mara bhfaighidh mé an braimichín glas.”

“Ní bhfaighfir,” arsa fear an tí.

Bhí an cleamhnas briste. Bhailimh sé leis. Do phós sí buachaill eile, agus ní fada a bhíodar ag réiteach in aon chor, ach do bhí sí lá amuigh ar an mbóthar á caoineadh fhéin nuair a ghaibh an chéad fhear chúichi.

“Is ea anois,” arsa é sin, “cad atá agat? Dá bpósfá mise, ní bheadh an scéal mar seo agat.”

“Is ea,” arsa í sin, “má tá Ceallachán,” Ceallachán ab ainm don bhfear, “má tá Ceallachán namhadach, níl asachán ramhar leis. Ní bean a bhí bhuaitse ach an braimichín glas.”

Chualaigh Ceallachán an chaint. Chuaigh sé amach, agus do rug sé ar gualainn uirthi. Do thug sé isteach í. An chuid eile dhá saol, níor labhair sé feargach léi, ach chaitheadar a saol go sólásach. Nách deas a dúirt sí é.

258. *Margadh cleamhnais*

[?].8.45

CBÉ, 977: 435-439

Bhí fear thoir ar an gCom ag déanamh cleamhnais dá mhac. Bhí an cleamhnas déanta aige.

“Tabharfaidh mé leath an Choma dhóibh,” arsa é sin.

“Bheirimse ’on diabhal,” arsa an té a bhí ag déanamh an chleamhnais, “go mb’fhéi’ go dtabharfá an Cam ar fad dóibh.”

Briseadh an cleamhnas. Á ndéarfadh sé, “tabharfaidh mé leath mo chuid talún dóibh,” bhí an scéal go maith.

Cleamhnas eile

Bhí buachaill eile, agus bhí cleamhnas déanta aige, agus bhí margadh maith déanta air. Tá sé ráite ag an seanfhocal nárbh fhearra dho dhuine a bheith ródheas ina chleas margaidh.

“Is ea,” arsa athair na céile leis, “is amhlaidh mar atá an scéal agatsa, tá rud maith fachta agat má tá tonn dod aos caite.”

“Má tá,” arsa an baitsiléar, “is liom fhéin a chaitheas é, agus caithfidh mé tamall eile,” arsa é sin, “sara mbeidh aon déileáil agam leatsa.”

B’fhearr le athair na céile go n-éisteadh sé. Bhuaill sé an doras amach.

“Ní raibh dadamh aige,” a deir duine. Cén rud an dadamh? Sciath an m[h]iongáin is é an dadamh, is é sin, an ionga a b[h]íonn ar cheann an m[h]iongáin istigh sa tsliogán. Is ann a chuirfá an tsnáthad greamaithe chun é a phriocadh as an sliogán. M’athair a chuala á rá sa.

Píonós i bpríosún

Bhí príosún in áit éigin fadó, agus cuirtaí ar chathaoir iad, agus bearrtaí a gceann le rásúr, agus braon seaca ag sileadh anuas i bpláitín an chinn orthu. Bhídís ceangailte ar chathaoir iarrainn. Is dócha go gcuireadh sé as a gceann iad.

Breithiúnachas aithrí

Bhí fear, bhí aithne mhaith agamsa air, do mhuintir Shé. Cuireadh bairlín air istigh ar an althóir as chomhair an phobail. Cuireadh an bairlín air mar gheall ar an ól, Domhnach. Ach bhuaile sé le m'athair ina dhia' san, agus d'fhiarthaigh sé dho canathaobh gur fhan sé fén mbairlín.

“Ní dh'fhanfainse fén mbairlín,” arsa m'athair leis, “chaithfinn díom í.”

Ó,” arsa é sin, “ná bíodh éinne á rá ná go bhfuil *power* age sagairt. Ní fhéadfainn cor a chuir díom,” arsa é sin, “ón neoimint a cuireadh orm í.”

Cuireadh ar “Sheana-Choirce” leis í. Mícheál Ó Beaglaoich ab ea é. “Seana-choirce, seana-choirce,” a bhíodh ar siúl aige nuair a bhíodh a dhóthain óltha aige – an deoch, tá a fhios agat. Bhí captaen áirthaigh istigh age Cé an Daingin, agus bhí “Seana-Choirce” agus a bhean sa Daingean. Bhí a bhean díolta aige leis an gcaptaen. Bhí ualach maith airgid facht aige uirthi, ach chuaigh scéala 'dtís na driotháracha. Mara mbeadh san, bhí sí bailithe léi. Bhí sí toilteanach le imeacht. Is mar gheall air sin a cuireadh an bairlín air. Cuireadh isteach le deoch é babhta. Captaen Mullins¹ a bhí an uair sin ann. Tugadh amach ar maidin é. Bhí bean an c[h]aptaen ann. Bhí an captaen á cheistiú. Ní raibh aon tor aige á dh'fháilt, ach é ag cuir an dá shúil tríd an mbean, agus chuala go raibh a bhean ar an mbean ba bhuí agus [ba] dhuibhe a dh'fhéadfá dh'fháilt.

“Ná tabharfá tor orm,” arsa an captaen leis.

“Gaibhim párdún agat a dhuine uasail,” arsa é sin, “ní fhéadfainn an tor a thabhairt ort ó chonac í sin. Ní fheaca im dhá shúil riamh aon bhean a thaitneodh liom ach í.”

“Dhera, an fear bocht,” arsa bean an chaptaen, “scaoilidh amach é, níl éinní déanta as an slí

¹ l.s. ‘Muileans’

aige.”

Scaoileadh leis. An dóigh leat ná go raibh obair ann?

259. *Mo chreach fhada dhóite dhubh*

7.1.45

CBÉ, 967: 245-246

Is fastaímeach a deineadh daoine cleamhnaistí fadó. Ghaibheadh duine ón áit seo, ghaibheadh sé soir thar [an] Daingean. Dhéanfadh sé cleamhnas ansan lé feirmeoir go mbeadh iníon aige, agus gan éinní ina dhiaidh age baile, ach an ainnise. Gheallfadh sé dhon bhfeirmeoir thoir go raibh an oiread so stoic aige, go raibh gach éinní aige. Ach do phós buachaill acu cailín tamall ó bhaile. Tréis í teacht, ní raibh éinní ann. Bhí clóca aici. Níl aon lá ná bódh an clóca ag imeacht age duine éigint acu, beirt chailíní a bhí sa tig, agus a máthair. Ní fhéadfadh sí fhéin corraí, ceal clóca. Bhí táilliúir ag obair sa tig. Aon lá amháin:

“Mo chreach fhada dhóite dhubh,” arsa í sin,

“mar ní fheicim úr mbólacht goirt,

ná úr gcapall á sheoladh ar chnoc,

ná fiú an chlóca agaibh.”

D'fhreagair an táilliúir í.

“A chailín bhig ghleoite dheis,” arsa an táilliúir,

“agus tuigim do ghlór anois,

má mealladh ód chomhairligh tú,

níl breith ar do bhrón agat.”

260. *Bainfidh sé an croiceann dínn féin*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 479-480

Nár ghránna an obair a dhein an fear óg a bhain an croiceann do ghabhar, agus an gabhar ina bheathaidh. Bhí sé thíos insa Leitriúch. Leail an leasainm a thugaidis air, agus bhí cailín ann, agus theastaigh bhuaidh an cailín a dh'fháil le pósadh, ach ní bhfaigheadh sé an cailín óna hathair. Bhí scata gabhar agena hathair, agus cad a dhein Leail, ach teacht, agus breith ar ceann dos na gabhair, agus an croiceann a b[h]aint ina bheathaidh do¹, agus é a scaoileadh an doras isteach chúthu.

“Tugaídh do tapaidh í,” arsa an t-athair, “nú bainfidh sé an croiceann dínn féin.”

Fuair sé an cailín óg le pósadh.

Comhairí ón saol eile i mBaile Dháith

Chuala gur ghaibh comhairí mhór trí Bhaile Dháith tráthnóna breá, daoine agus capaill agus cairteacha agus comhra, agus ghaibh sí amach chun pointe na Carraige Duibhe, agus thug fén bhfarraige amach.

¹ c.f. ATU 212 ‘The Lying Goat’ mar a bhfuil trácht ar an gcráiceann a bhaint do ghabhar. Tugtar an-drochíde do na gabhair i roinnt scéalta de chuid an Chriomhthanaigh. Baintear cluas do ghabhar in §175 | CBÉ, 968: 170-171, agus baintear barra na teangan dóibh in §278 | CBÉ, 936: 397-399.

261. *Seón Burns*

26.11.44

CBÉ, 966: 317-318

Bhí duine uasal fadó ann. Seón Burns an ainm a bhí air, agus bhí cailín tamall bhuaidh, agus do phósfadh sé í. Bhí sé lán do shaibhreas. Ní phósfadh sí é, agus do phósfadh sí mairtíneach go gcaitheadh sí breith air, agus é a chuir ar marcaíocht ar asal chun é a bhreith ó áit go háit, agus gan éinní sa tsaol aige. Do ghaibh sí lá an bóthar. Bhíodh sí ag siúl roimpi. Do ghaibh sí isteach chun tí Seón Burns. Bhí céad míle fáilthe age Seón roimpi.

“Is ea,” arsa bean Seón, “ciaca ab fhearra dhuit, é seo ná an mairtíneach athá agat?”

“Dá mb’fhearr léi mise,” arsa Seón, “ná an mairtíneach, ní bheifeá-sa anso,” arsa Seón.

Bhuail sí a ceann fúithi, is níor dh’fhan focal aici. Thairrig Seón amach bille, cúpla punt, agus shín sé chúichi é.

“Go raibh maith agat a dhuine uasail,” arsa í sin, “ní hé a thug¹ mé, ach ba mhaith liom gabháil isteach chughat ón uair go ngaibheas an bóthar mar do bhí gean riamh agam duit ar shon² nár phósas tú.”

Sin a bhfuil ann.

1 l.s. 'thuig'

2 l.s. 'ruthan'

262. *Smachtú na mná*

18.3.45

CBÉ, 968: 208-210

Do bhí triúr driofúr fadó ann. Do phós beirt acu. Bhí ceann eile acu, is ní dh'fhéachfadh éinne uirthi, do bhí sí comh mallaithe comh neamaitheach san. Ach do bhí buachaill ann:

“Cuirfeadsa geall,” arsa é sin, “go ndéanfadsa í sin a mhíniú.”

Do chuaigh sé chun cleamhnais a dhéanamh, agus deineadh an cleamhnas. Pósadh iad. Thugadar cúpla lá ansan. Nuair a bhíodar ag dul abhaile, capall iallaithe a bhí acu. Bhuaill sé ar a chúlaibh í, agus do bhí cú in aonacht leis. Níorbh fhada don mbóthar a bhí sé nuair a dh'éirigh giorria amach, agus thiomáin sé an chú i ndiaidh an ghiorria. Níor dhein an chú aon talamh ar an ngiorria. Bhí gunna aige. Do lamhach sé an chú. Tháinig dhá shúil di. D'imigh sé air, agus i gcionn tamaill eile, bhí a chapall, bhí sí ag cuir ina choinnibh, agus níor dhein sé ach teacht anuas agus í a lamhach. D'imíodar ag siúl. Chuadar abhaile. Bhí sí ag déanamh go han-mhaith. Ach do bhí cuireadh dinnéir acu chun teacht go dtí muintir na céile, agus do thánadar, agus do chuaigh na cailíní 'on tseomra ag imirt cártaí nú ag imirt rud éigint. D'fhan na cleamhnaithe sa chistin. Bhí duine acu ag moladh a bhean fhéin – duine eile acu go mb'fhearr a bhean fhéin. Dúirt fear an bhean mhallaithe ná raibh aon bhean acu ab fhearr ná a bhean fhéin. Cuireadh síos an geall. Do ghlaigh duine acu ar a bhean.

“Fan go fóill,” arsa í sin, “go mbeidh an cluiche¹ so imeartha againn.”

Ghlaigh an fear eile uirthi.

“Fan tamaillín eile,” arsa í sin.

Ghlaigh so ar a bhean, is níor thúsce sin nár chaith sí bhuaithí na cártaí, is seo anuas í. Bhí an geall buaite aige.

¹ .i., 'clutha'

Iasc, bádóireacht, cnuasach trá agus soláthar raice

263. *An ceathrar ban a bádh i bParóiste Fionntrá*

25.2.45

CBÉ, 968: 11-12

Bhí ceathrar ban i bParóiste Fionntrá fadó, agus d'imíodar aimsir aifrinn 'on tráigh ag baint chnósach. Ní fheacathars éinne acu ó shin. Bhí fíodóir, *journeyman* fíodóra, bhí sé thiar i bParóiste Fionntrá, agus do dhein sé caoineadh dhóibh.

“Tá Ceann Trá gan ceol, gan rince,” arsa é sin,
“tá an baile trasna ag sileadh agus ag síorghol,
i ndeabhaidh na trí Mháire dob fhearr gníomhartha,
agus Máiréad bán, is í a chráigh mo chroíse.

Lé méid úr gceannas, is ní lé gradam do úr muintir,
fé ndeara dhom fhéin úr dtréithe a dh'insint,
mar do bhíomair páirteach, grámhar míntais,
ar fuaid na dtonn, mo lom sibh sínte.”

Sin a bhfuil agamsa dho.

264. *An forc sa tonn*

8.12.44

CBÉ, 966: 480-482

Bhí bád iascaigh i bParóiste Fionntrá fadó, agus ní raibh arán in aon chor fé mar atá anois. B[h]eiridís prátaí insa bhád leo. Bhíodar aon lá amháin, lá ana-bhreá, bhíodar ag ithe na bprátaí. Bhíodar i bhfad Éireann amach. Bhí an fharraige ana-shleamhain. Chonaiceadar faid a radharca bhuathu an tonn dob airde a chonaiceadar riamh, agus é ag déanamh orthu.

“Ó, Dia linn,” arsa iad san, bhí sé ag déanamh orthu i gcónaí, “beimíd báite.”

Bhí sí buailthe suas leo, agus bhí buachaill ann. Chaith sé an forc uirthi. Lig an tonn. Thánadar abhaile, agus lá arna mháireach, d'imíodar aríst, agus chonaiceadar i bhfad bhuathu báidín, agus siúl maith fúithi, gan inti ach éinne amháin. Ní stad sí go dtáinig sí ina bhfianaise. Do bheannaigh sé dhóibh, agus do bheannaíodar san do.

“Á ba é do thoil,” arsa é sin lé captaen an bháid, “duine dos na fearaibh sin a scaoileadh liom ar feadh tamaill bheag, ní fada é.”

“Ciacu atá bhuaite?” arsa captaen an bháid.

“An buachaill sin ansan,” arsa é sin.

Scaoil sé leis é. D'imíodar, agus nuair a bhíodar imithe as radharc an bháid síos leo, chuardar isteach i gcúirt bhreá tí a bhí thíos. Bhí óigbhean bhreá ansan suite ar chathaoir, agus an forc sáite ina héadan.

“Á ba é do thoil,” arsa an fear a thug leis é, “an forc san do tharrac, mar ná féadfadh éinne é a tharrac ach tu.”

Thairrig sé an forc.

“Bhí aimsiú maith inné agat,” arsa í sin.

“Dréir dealraimh,” arsa é sin, “gur tú a bhí ann.”

“Is ea,” arsa í sin, “tusa a bhí bhuamsa, is fanfaidh mé anois anso.”

“Ní dh'fhanfaidh ambasa,” arsa an té a thug leis é. “Cuirfeadsa insan áit go bhfuairéas aríst

é.”

Thóg sé leis é, agus do thug sé go dtí an mbád aríst é, agus do thánadar abhaile. Nuair a chualaigh a mháthair an scéal, d'imigh sí, agus do thug sí léi a líonta. Chuir sé in airde ar an lochta iad.

“Bíodh deireadh ag iascach agat,” arsa í sin. “Á mbeifeá imithe, conas a bheinnse?”

D'fhan sé istigh ó iascach. Aon lá amháin, chuaigh sí 'on Daingean, tráthnóna ana-bhreá. Bhí gach éinne ag imeacht ag iascach. Leag sé anuas na líonta, agus d'imigh sé amach. D'fhan sé amuigh an oíche sin.

265. *An Leaca Dhubhach*¹

12.11.44

CBÉ, 966: 144-147

Ar iascach a bhíodar ag maireachtaint, na daoine a bhí ina gcónaí ann, istigh san 'leán. Chaitheadh criú báid a bheith ages gach aon tig. Ach bhí fear ann, agus bhí an buachaill a bhí aige, bhí sé imithe bhuaidh, agus lé luí na hoíche tráthóna, ghaibh buachaill isteach chuige, agus bhí iontas orthu ná feacadar aon bhád ag teacht fé dhéin na háite. Do bheannaigh sé. Dúirt fear an tí leis suí aníos.

“Ní chun suí a thána,” arsa é sin, “ach chuala go rabhais ag lorg buachalla.”

“Táim, mhuisse,” arsa fear an tí, “suigh aníos.”

Shuigh sé suas. Réitigh sé leis go ceann bliana. D’fhiarthaigh fear an tí dho gadé an pá a bhí bhuaidh go ceann bliana.

“Fágfaidh mé fút féin é,” arsa é sin, “nuair a bheidh an bhliain suas.”

Fuair sé bia. Ní fada a bhí an bia ite aige nuair a dúirt sé go raibh sé in am acu a bheith ag imeacht. D’imíodar, is ní fada amach a chuadar nuair a dúirt sé leothu na líonta a chuir amach.

“Níor tógadh éinní san áit seo riamh,” a dúradar.

“Triallaídh,” arsa é sin.

Cuireadh amach na líonta, is má cuireadh, ní fada go rabhadar lán d’iasc. Bhíodh bád éisc acu gach aon oíche, is gan éinní ag an gcuid eile á dhéanamh. Bhí sé ansan go ceann na bliana, agus an oíche a bhí an bhliain suas:

“B’fhearr dhuit fhéin teacht in aonacht linn anocht,” arsa é sin lé fear an tí.

“*By Gor*², raghaidh mé,” arsa³ fear an tí, “ní fearr liom a bheith istigh.”

Thiomáineadar leo, agus san áit a gcuirtaí na líonta amach na haon oíche roimis sin, níor cuireadh aon líon amach ann. Chuadar i bhfad Éireann amach bhuaidh. Arsa é sin:

¹ “Ar an dtaobh thuaidh den Bhlascaod Mór” atá an áit seo dar le fo-nóta ó SÓD. Is í an áit chéanna a luaitear i scéal cáiliúil a bhí ag Muiris Ó Súilleabháin in *Fiche Blian ag Fás* dar theideal ‘Scairt Phiarais agus an Leaca Dhubhach’ a gcuirtear síos air mar “b[h]anc an éisc”, gur “ann a bhídís ag teacht ós gach caladh, aneas ó Uíbh Ráthach, ósna Ródanna, ó Chuas Cromtha, ón nDaingean, ó Fhionntrá, ó Dhún Chaoin, ó Bhéal Bán, ón nDúinín, agus ón Leitriúch” (Ó Súilleabháin, 1998: 51).

² l.s. ‘Begorr’

³ l.s. ‘airse’

“Tá mo bhliain suas anois.”

“Tá go díreach mhuisse,” arsa an máistir, “agus is í an bhliain í is sólásaí a chuireas isteach riamh,” arsa é sin.

“Trom mo phá anois,” arsa e sin.

“Is ormsa ná fuil a bhac pá slachtmhar a thabhairt duit,” arsa an máistir, “ach níl éinní anso agam. Nuair a raghaimíd isteach, níl a bhac ormsa tú a dhíol go maith. Tá sé tuillte agat.”

“Gearraigh feá dhon dtéid,” arsa é sin, “gearraigh tapaidh é,” arsa é sin.

Thomhais sé an feá, is ghearraigh sé é.

“Tairrigídh ’on talamh anois,” arsa é sin, “ní raghaidh aon bhád eile isteach anocht ach sibh.

Slán agaibh,” arsa é sin.

Léim sé amach ’on pholl. Scaoileadar fén mbaile comh tapaidh is d’fhéadadar, is ní rabhadar ach casta i gceart nuair a dh’éirigh an fharraige. Ní raibh éinní ach a rá go dtánadar, ach sin a dtáinig an oíche sin. Bádh an chuid eile go léir. Ach ar maidin amáireach, ní raibh éinne san ’leán, ach é féin, agus an criú. “An Leaca Chumhach” a thugaid siar ar an áit a bád iad, ach ní hí sin ainm cheart ach “an Leaca Dhubhach.”

Ciacu iontas ba mhó?

266. *An sagart agus an ministir agus a leathbhearrtha*

[?].9.45

CBÉ, 977: 430-431

Do bhí ártach ar an bhfarraige babhta, agus do bhí sagart inti, agus do bhí minisir inti. Maidean Domhnaigh a thánadar chun cuain.

“Is ea,” arsa an sagart, “conas a raghaidh mé isteach lán d’fhéasóg?”

“Táimse comh holc leat,” arsa an ministir.

Bhí buachaill san ártach, agus bhí rásúr aige. Sin a raibh do rásúr san ártach. Theastaigh ós gach éinne a bhí san ártach, á mbeadh éinní acu a bhearrfadh iad, iad fhéin a bhearradh.

“Bhuel,” arsa an buachaill go raibh an rásúr aige, “tá rásúr agamsa, agus déanfaidh mé margadh libh. Bearrfadsa taobh díom fhéin ar dtúis, agus scaoilfidh mé timpeall ansan í. Bearradh nach éinne taobh,” arsa é sin, “agus tiocfaidh sí chugham ansan aríst,” arsa é sin, “agus geobhaidh sí timpeall. Déanfar gnó glan dá bhfuil san ártach.”

Dúradar ar fad go raibh sé ana-*fhairáltha*. Bhearraigh sé taobh do fhéin. Scaoil sé sa tsiúl ansan í. Bhearraigh gach éinne taobh do fhéin. Nuair a tháinig sí chuige fhéin aríst, do bhearraigh sé an taobh eile dho fhéin. Nuair a bhí sé á glanadh ansan amach ’on pholl, bhí croitheán ann, is scaoil sé bhuaidh í.

“Ó my!,” arsa é sin, “nách ainnis a dh’imigh sé orm,” agus lena thoil a dhein sé é.

Níorbh éinní dhóibh an fhéasóg ar fad a bheith orthu, ach smut don bhféasóg a bheith orthu. Níl aon teora le fear cleas.

267. *An tAthair Seán Ó Laoire*

[?].10.47

CBÉ, 982: 276-277

Bhí bárc tagaithe isteach ar an dtráigh seo thíos babhta, agus bhí beirt timpeall ar an mbárc. Ach bhí an t-oifigeach a bhí ar na *coastguards* i mBaile na nGall an uair sin as baile. Ach ghaibh Father O’Leary an treo chúthu, agus bhí sé ag caint leo.

“Ar tháinig an t-oifigeach?” arsa é sin.

“Tháinig,” arsa duine acu.

“Níor tháinig,” arsa an fear eile.

Bhí an ceart ag an mbeirt acu, ach níor thuigeadar an sagart. Dúirt sé, rud a bhí i gceist age duine acu gur tháinig sé go Baile na nGall, agus is é rud a bhí i gceist ag an bhfear eile nár tháinig sé ar an dtráigh ag féachaint ar an mbárc. B’ait leis an sagart an freagra a thugadar air. Thairrig sé stiall ar a chapall.

“Táilliúir a dhéanfadh é,” arsa é sin,

“agus táilliúir ná déanfadh é,

is táilliúir a dhéanfadh a leaba dá mhnaoi,

is é an tráigh siar.”

268. *Árthai a reiceáladh*

15.4.45

CBÉ, 968: 454-459

Bhí táilliúir anso fadó, agus ba mhór an scamall an dúil a bhí i dté aige. Ach bhí sé ag obair ar an mbaile seo, agus do ghaibh m'athair isteach lá chuige.

“An bhfuil aon scéal nódh agat?” arsa é sin.

“Níl,” arsa é sin, “ach go bhfuil ártach reiceáltha ansan thuaidh, agus té atá inti.”

“Dhera, mo ghraidhin go deo thú,” arsa an táilliúir, “níor chuala aon drochscéal riamh agat.”

Bhíodar ag caint istigh, agus níorbh fhada gur ghaibh bean bhocht isteach a bhíodh ag bailiú ubh, agus shuigh sí istigh.

“An bhfuil aon scéal nódh agatsa?” arsa m'athair léi.

“Míle baochas le Dia,” arsa í sin, “tá, an t-ártach san atá reiceáltha,” arsa í sin, “is mór an chabhair don áit a bhfuil inti, tá sí lán do thé.”

Mheas m'athair gurb amhla a bhí sí ag éisteach leis ar dtaobh¹ amuigh do dhoras, ach nuair a ghaibh sí amach, do lean sé í.

“An bhfuil do scéal fíor?” arsa é sin.

“Tá sé fíor,” arsa é sin.

Nárbh ait an cúrsa é, is é cumtha ag an bhfear eile².

Cár reiceáladh í?

Sa Dúinín. Reiceáladh ártach eile san áit chéanna, Benevis a bhí mar ainm uirthi, ach do bhí m'athair ag caint le *coastguard* ó Bhaile na nGall ag an aifreann.

“Déardaoín seo chughainn,” arsa é sin, “ar a dó dhéag a chlog, beidh mo phinsean tairrigthe agam.”

Ach do bhí an t-ártach reiceáltha. Do bhí m'athair ag tarrac aoileach¹ thuaidh i mBaile Dháith ag

¹ l.s. ‘dté’

² Bhailigh Seosamh Ó Dálaigh insint eile ar an eachtra seo in CBÉ, 1035: 336-337. Deirtear sa leagan sin gurbh é “Dónall Suibhne” ainm an táilliúra seo.

fear dos na Conchubharaigh a bhí ann, le miúil agus le úim. Thug sé cúpla lá ann. Nuair a bhí sé ag teacht abhaile, d'fhiarthaigh bean an tí do an raibh aon lachain aige. Dúirt sé ná raibh ach cúpla ceann.

“Tá ana-*bhreed* lachan agamsa,” arsa í sin, “is fearra dhuit ál² acu a b[h]reith leat.”

“Bheidís briste ag an miúil,” ar seisean.

“Pacálfadsa iad,” ar seisean, “sa tslí is ná beid siad briste.”

Phacáil sí na huibhe síos i gcliabh na húmach, a ndóthain féir timpeall orthu. Do bhuail sé aduaidh, agus é ag gabháilt thairis an nDúinín is ea a ghaibh an *coastguard* aníos.

“Cad atá sa chliabh agat?” arsa é sin.

“Nách cuma dhuitse,” arsa m’athair leis, “cad atá agam. ‘Dhóigh liom go ndúiris liom Dé Domhnaigh go mbeadh do phinsean inniubh agat.”

Thairrig sé amach an *watch*.

“Táim i ngiorracht ceathrú uair a chloig anois do,” arsa é sin, “agus dá mbuailfeadh éinne eile againne leat idir seo, agus an Baile Loiscthe, agus go ngeobhaidís luach pingine a bhaineas leis an ártach,” arsa é sin, “do bhíos-sa glan ó phinsean.”

“Ó, más mar sin é,” arsa m’athair, “a leithéidí seo athá agamsa, féach orthu.”

“Tógfaidh mé ar t’fhocal tú,” arsa é sin, “ní bhainfead iad ar an neoimint déanach,” arsa é sin, “tá an Sasanach ag faire chun tú a ghlanadh as pinsean,” arsa é sin.

Níor mhaith an rí é.

Reiceáladh ártach thiar i mBaile an Reannaigh fadó. Coirce a bhí inti. Do tháinig cuid acu saor. Bhí triúir eile a bhí cailithe. Tugadh isteach iad, agus do cuireadh clár bán féna gceann. Do gaibheadh an oíche sin, agus do goideadh an clár bán óna gceann. Níor d[h]eas an cúrsa é. Bhí gadhar san ártach, agus do bhí an captaen ag glaoch ar an ngadhar, agus ba bheag an mhaith dho é, ach ag tabhairt fén ártach, ach sa deireadh thiar thall, thug sé fén dtalamh. Bhí seandúine ó Ghallros. Bhí sé in aonacht leo.

¹ Molann SÓD ‘aoiligh’ idir lúibíní cearnógacha mar fhoirm ‘cheart’ ghinideach.

² .i., uibhe na lachan, is cosúil, agus na sicíní fós iontu.

“Beidh sí ina cipíní ar maidin,” arsa é sin.

“Cad a deir sé?” arsa an captaen.

“Deir sé go mbeidh sí ina cipíní ar maidin,” arsa duine eile.

“Níor tháinig aon tsaol riamh,” arsa é sin, “a dhéanfadh cipíní dhi sin.”

Bhí an ceart ag an seandúine. Do bhí. Briseadh í.

269. *Bárc a thagadh ar an dtráigh lé airgead*¹

8.12.44

CBÉ, 966: 483-485

Bhí bád eile i bParóiste Fionntrá, agus bhí sí ag iascach. Bhí buachaill dos na Gearalthaigh ann. Ardfhear ab ea é. Thit ceo trom orthu. Chaitheadar ancaire a chaitheamh amach. N’fheadair siad cá ngeobhaidist. Thugadar coraintín maith ann, ach nuair a ghlan an ceo, chuadar ag tarrac an ancaire, agus ní fhéadfaidís é a tharrac.

“Beidh a fhios agamsa,” arsa an Gearaltach, “cad é an greim athá air.”

Síos leis, cá raghadh sé ná isteach i gcúirt bhreá tí a bhí thíos, is bhí an t-ancaire istigh ann. Bhí cailín óg breá ansan istigh.

“Dé [id] bheatha-sa a Ghearthaigh,” arsa é sin. “Is fada mé ag feitheamh leat. Fanfaidh tú anso agamsa anois,” arsa í sin, “agus beidh saol maith go deo agat.”

“Á,” arsa é sin, “cad a dhéanfaidh mo mháthair bhocht?”

“Á, beidh an saol go maith aged mháthair.”

“Mhaith liom í dh’fhiscint,” arsa é sin, “sara n-imeoinn, mar ní chreidfeadh sí ná gurb amhla a báfaí mé.”

“Bhuel, scaoilfeadsa leat,” arsa í sin, “ach geallfaidh tú dhom go mbeidh tú romham ar thráigh Fionntrá maidean lae Bhealthaine.”

“Gealaim duit é,” arsa é sin.

“Seo leat mar sin,” arsa í sin, “bailimh leat. Tairrig t’ancaire id dhiaidh in airde.”

Sin é mar a bhí. Tháinig sé aníos, agus nuair a tháinig sé abhaile, d’eachtraigh sé an scéal dá mháthair. Bhí an mháthair ag briseadh a croí ag gol, agus ag tathant air gan dul ar an dtráigh.

¹ Bhí leaganacha den scéal seo bailithe ag Seán Ó Dubhda, leis, in CBÉ, 121: 565-75, agus CBÉ, 1715: 256-63, sa tsli is gur trí leagan ar fad den scéal a bailíodh ó Sheán Mac Criomhthain. Thóg Michael Ross ceann den méid sin in alt dá chuid a phléigh an scéal seo i dtraisiún na hÉireann: “Three versions were collected from the same tradition-bearer, Seán Criomhthain of Kilmalkedar... its ending seems to be in response to Croker’s remark that sods are no help... a great many versions of the tale refer to a charred sod of turf or wood which comes floating in on the tide on May Morning, usually to Tráfrasca, the strand at Frasca... this motif resonates with an early nineteenth-century account by Crofton Croker of blind Maurice Connor, “king of all the pipers in Munsters”, which Crofton Croker embellished with what passed for Hibernian whimsy in the 1820s”, (Ross, 1998: 71-72)

“Á, tá an gheallúint orm,” arsa é sin, “caithfidh mé a bheith suas lem fhocal.”

Tháinig maidean lae Bhealthaine, agus do chuadar ar an dtráigh, beirt acu, agus an mháthair ag lógóireacht. Níorbh fhada go bhfeacadar chúthu an t-árthach, agus níor stad sí go dtáinig sí isteach ina bhfianaise.

“Ná bí ag gol in aon chor,” arsa an óigbhean, ag preabadh amach, agus ag breith ar láimh uirthi, “ní bhéarfaidh aon lá dealbh go deo ort,” arsa í sin, “is fearra dho so a bheith im theannta-sa ná a bheith ag imeacht fé mar atá sé.”

Thug sí roinnt mhaith airgid di, agus do thug sí eochair di.

“Buail chughat an eochair sin anois,” arsa í sin, “agus tair anso gach aon mhaidean lae Bhealthaine. Tiocfaidh bárc anso isteach, agus cífidh tú poll an ghlais ar cheann an bhárc. Bain an glas do, is gheobhair dóthain na bliana aríst istigh sa bhárc, agus cuir an glas aríst air, agus buail chughat an eochair, agus tabhair aire mhaith dhi, agus níl aon mhaidean lae Bhealthaine faid is a mhairfir ná go bhfaighidh tú dóthain ann.”

Sin é mar a bhí. Chuaigh sí abhaile. Bhí dóthain airgid aici. Nuair a tháinig maidean lae Bhealthaine, chuaigh sí ar an dtráigh. Do chonaic sí chúichi an bárc, agus do bhain sí an glas do, agus bhí roinnt mhaith airgid istigh ann. Do thóg sí amach é, agus do chuir sí an glas aríst air, agus bhailimh an bárc leis. Bhí mar sin ar feadh tamaill, ach bhuail sí breoite sa deireadh, agus bhí bean don mbaile ag tabhairt aire dhi. Tháinig maidean lae Bhealtaine.

“Seo dhuit an eochair seo,” arsa í sin, “agus téir ar an dtráigh, tiocfaidh bárc isteach, agus féadfaidh tú an glas a bhaint do. Gheobhair roinnt airgid istigh ann.”

Sin é mar a bhí. Chuaigh a bhean ar an dtráigh, agus do tháinig an bárc, agus do bhain sí an glas do. Bhí an t-airgead ann, agus thóg sí amach é, agus chuir sí an glas aríst air. Bhailimh an bárc leis, ach seara¹ dtáinig maidean lae Bhealthaine aríst, do bhí an tseana-bhean caillthe, agus dh’fhan an eochair ag an mbean eile, agus chuaigh sí ar an dtráigh maidean lae Bhealthaine, agus chonaic sí chúichi an bárc. Dhein sí féna dhéin, is chuir sí an eochair i bpoll an ghlais, is ní túisce a bhí an

¹ .i. ‘sara’

eochair i bpoll an ghlais ná a bhailimh an bárc leis. Ní fheacathars an bárc ar an dtráigh ó shin.

270. *Bád Dhiarmuid Uí Shé*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 466-467

Bhí bád age Diarmuid Ó Sé á dhéanamh thíos i gCé an Leitriúigh. Bhí *public house* age Diarmuid. Bhí gaol agam féin leis. Bhí an bád á dhéanamh age ceardaithe thíos. Nuair a thagadh cith i gcónaí orthu, leathaidís bairlín anuas ar an mbád, agus nuair a thagaidís isteach i gcónaí, bhíodh deoch acu. Bhí leaid thíos. Bhí an bád curtha ar an bpoll. Dhein sé cúpla ceathrú amhráin.

Nuair a ghluaisim bairlín na míol,
is dóigh léi nách díg an fharraige.
Gluaisíonn Diarmuid is droinn air,
ag féachaint an b[h]inn a ghearrann sí.

Bhí fear eile thíos ann a bhí baclámhach¹.

Gluaisíonn Tadhg baclámhach,
fear na gcnámh² is na n-uileanna³,
dhéanfadh sé conaithe⁴ naomhóga,
arbh fhéidir an fheoil a phriocadh dho.

Bhí fear eile thíos ann a bhíodh ag iascach ina aonar, an *donkey* buí a thugaidís air.

¹ l.s. ‘baclách’ tríd síos. “lámh gan tapadh” an sainmhíniú a thugann SÓD ar an bhfocal seo atá le fáil mar cheannfhocal in FGB.

² l.s. ‘gcná’

³ l.s. ‘n-ileanna’

⁴ l.s. ‘cunaithe’. Bhí an focal ‘conach’ mar cheannfhocal in *Réilthíní Óir cuid a I*, agus ‘faobhar’ ba chiall leis, dar leis, agus ‘coinithe’ mar uimhir iolra aige dó. Is le cúrsaí iascaireachta a bhain na samplaí úsáide a bhí le fáil ann: “is éachtach an conach, coinithe, atá ar an iasc indiu = iad ag ráthaíocht ar a ndícheall: siúl géar fútha,” (Mac Clúin, 1922: 120). D’fhéadfaí leis gur uimhir iolra malartach den ainmfhocal ‘cú’ a bhí i gceist aige, .i., naomhóg a bheadh chomh tapa le cú.

An té a chífadh an *donkey* buí,
ag imeacht ar a dhroim cois faille síos,
nuair a chionn sé coinleoir Dháith,
filleann sé ar a sháil abhaile chugham.

Á ba liomsa a bheadh Maidhcilín Sheoin,
Peaidí Ghearóid agus Callaghan,
chuirfinn punt nú dhó leo,
ó Phóinte na Srón¹ go Machaire.

¹ Fo-nóta ó SÓD a mheabhraíonn gurb ionann an logainm seo agus Srón Bhroin, “Brand Point.”

271. *Cnósach mar bhia*

[?].8.45

CBÉ, 977: 395-396

An bhfuil aon mhaith i gcnósach á mbeadh ocras ná laigíocht ort? Déarfadh duine ná fuil aon mhaith ann, ach oiread le deoch 'on uisce. Chuaigh sé lá go Cathair Scoilbín, m'athair, ag cnuchairt dorn móna. Ní raibh puinn bhuaidh. Dúirt sé nárbh fhiú dho an bia a bhreith leis, go mbeadh sí déanta chun dinnéir aige. Bhí níos mó bhuaidh ná a mheas sé. Thóg sé formhór an lae bhuaidh. Ach nuair a ghaibh sé aníos trí Chathair Scoilbín, do bhí laigíocht air. Do bhí bean ann a bhí tréis téarma a chaitheamh ar an mbaile seo. Bhí sí as chionn an tig go bhfuil an fíodóir, botháinín aici ann. Do chuaigh sé isteach chúichi, agus d'fhiarthaigh sé dhi an raibh aon bhlúire aráin aici. Dúirt sí ná raibh ach go raibh babhla cnósach anso beirthe. Do thóg sé an babhla cnósach. Tá bóithrín ag gabháilt aníos ag teacht go dtí bun an chnoic. Nuair a tháinig sé go barra an bhóithrín, bhí spalladh tarta air, agus bhí tobar ansan roimis. D'ól sé deoch b[h]reá don dtobar, agus san am gur shroich sé an Chill, dúirt sé ná beadh aon cheist air scaoileadh fé Thrá Lí gan aon ghreim eile.

272. *Tá mo chuid snaoise salach agat*¹

15.4.45

CBÉ, 968: 450-451

Bhí cuileachta mhór bailithe isteach i dtig oíche. Ní rabhadar i bhfad ón bhfarraige in aon chor.

“Nár bhreá an oíche í,” arsa duine acu, “á reiceálfaí ártach isteach anois.”

“Is ea,” arsa duine eile, “agus í a bheith lán do phlúr.”

“Níorbh fhearr é,” arsa duine eile, “ná dá mbeadh tobac inti.”

“Níorbh fhearr é,” arsa duine eile, “ná dá mbeadh té inti.”

Bhí seandúine insa chúinne. Do bhí ana-dhúil i snaois aige. Do bhí duine sa chuileachtain, agus bhí a fhios aige go n-oirfeadh sé don seandúine snaois a chuir ar bun.

“Níorbh fhearr é,” arsa é sin, “ná snaois a bheith inti.”

“Mo ghraidhin go deo thú,” arsa an seandúine.

Bhí buachaill eile ann go raibh seana-bhlas aige ar an scéal.

“Is ea,” arsa é sin, “agus í a bheith lán do chac muc.”

Do rug sé ar an dtlúth, agus do thairrig sé trasna an dá lorga air leis an dlúth, agus do chuir sé laige air.

“A dhiabhail,” arsa é sin, “tá mo chuid snaoise salach agat.”

¹ Tá insint seo Mhic Criomhthain áirithe faoi TIF 1430 The Man and his Wife Build Air Castles.

273. *Tagann trí thonn mhóra i ndiaidh a chéile*

[?].1.46

CBÉ, 979: 148-149

Baineann daoine eile ana-bhrí as an nglór a dheineann tráigh. Tráigh an Mhúraigh thuaidh, á mbeadh glór aici, bheadh aimsir breá chughat. “Cuan Ghlaise¹ agus Caisleán Chacair” – bhíodh na focail sin i mbéal na seandaoine. Caisleán, duine uasail ab ea é is dealraitheach. Níl ann ach an fhaill anois, agus nuair a bhí an cé á dhéanamh ann, fuarthas smut dos na fallaí ann. Seana-ghamhain a bhí i nglaise, bhí sé á rá le m’athair ná féadfadh éinne a bheith maith a dhóthain don bhfarraige. Dúirt sé gur chuaigh sé féin deireadh oíche síos féach an mbeadh feamnnach ná raic ná éinní ann. Bhí sí comh tráite is ná feaca sé riamh roimis sin í. Ach chonaic sé an tonn mór ard ag déanamh air. Níor stad an tonn go dtáinig sé go bun na faille. Scamhaigh sé leis síos aríst, agus níorbh fhada go bhfeaca sé ceann eile ab airde ná é ag gluaiseacht. Dhein sé amach ná raibh aon ghnó ar an dtráigh aige roimis sin. Tháinig sé trí nó ceathair do staighrí aníos insa bhfaill. Má tháinig, do tháinig an tonn comh hard leis, agus scamhaigh sé lei² síos aríst comh fada is a bhí sé riamh, is bhí sé ag faire air. Ach chonaic sé an tríú ceann, agus dúirt sé nár dhíon do a bheith ar an mbóthar féin. Tháinig sé aníos ar an mbóthar. Bheadh beartha air mara mbeadh go raibh sé cloiste roimis sin aige, go dtagadh trí cinn acu i ndeabhaidh a chéile. D’fhan sé ag faire ansan, is níor tháinig aon cheann eile acu go bun na faille in aon chor.

¹ “Glaise beag, baile i bParóiste Chill Maoilchéadair” atá i gceist, dar le fo-nóta ó SÓD.

² Cé go mbeifí ag súil le “sí léithi” toisc tonn a bheith baininsneach.

274. *The puzzle of the thirty counters*¹

7.1.45

CBÉ, 967: 236-237

Bhí ártach ar an bhfarraige fadó. Bhí chúig fheara déag dubh ann, agus chúig feara déag bána. Bhíodar rite amach as bia.

“Caithfidh mé cuid dos na fearaibh a chuir i bpoll,” arsa an captaen, “bheidí ar fad caillthe sara sroichfimid an áit atháimid ag dul lé heaspa bídh.”

Ach, is ea, na fearaibh dubha ab fhearr leis an gcaptaen a chimeád. Ach bhí iníon don gcaptaen ar an ártach.

“Fág chughamsa iad a shocrú anois, a athair,” arsa í sin, “agus cuirfid amach an tríú duine a chomhaireoimid.”

Do shocraigh sé mórdtimpeall iad, agus do thosnaigh sí. Do chomhairimh sí léi, gach aon tríú duine ’on pholl. Níor fhág sí fear dubh san ártach. Thit an crann ar an bhfear dubh i gcónaí, an tríú focal.

¹ Faoi anáil ailt le Gerald Murphy is dóichí a chum Seosamh Ó Dálaigh an teideal seo. Bhí sé de mhaíomh ag Gerald Murphy san alt céanna, a scríobhadh cúpla bliain sular bailíodh an scéal seo ón gCrimhthanach, go raibh teacht aige ar “all versions of the puzzle preserved among the manuscripts of the Irish Folklore Commission”, (Murphy, 1942: 3). Is é an méid seo a bhí le rá ag Murphy faoin tomhais seo go hidirnáisiúnta: “How may fifteen black and fifteen white counters be arranged in a circle so that a person counting round the circle and throwing out every ninth counter, till only fifteen counters are left, will find that the counters left are all white and those thrown out have been all black?”, (Murphy, 1942: 3).

275. *Triúr ag iascach dheargán fadó*

11.3.45

CBÉ, 968: 161-162

Do chuaigh triúr fear ag iascach dheargán fadó oíche, agus ní fada a bhíodar nuair a dh'imigh a dheargán ó dhuine acu. Chaith sé é a thabhairt suas. Do bhí an bheirt eile ag obair, agus níorbh fhada gur dhein sé braim.

“On diabhal,” arsa duine acu, “go bhfaighidh tú deargán anois as gach aon bhraim a dhéanfair.”

Seo le chéile iad. Níor fhág sé deargán age éinne dho bheirt acu. Bhí ualach deargán ag teacht abhaile ar maidin aige¹, is gan aon deargán acu. An dóigh leat ná go raibh bailiú aige?!

¹ l.s. ‘acu’

Na húdaráis - cúirt, dlí agus piónós

276. *An gréasaí a bhíodh ag obair ar thaobh na sráide*

6.1.45

CBÉ, 967: 126-131

Bhí gréasaí fadó ann fé mar a bheadh sé thíos i Sráid na nGabhar, agus ag deisiú bhróg a bhíodh sé i gcónaí. Théadh sé síos fén sráid. Bhí tig mór thíos fén sráid, agus ar an bhfuinneog a shuíodh sé i rith an lae ag deisiú bhróg. Bhí tig ósta as a choinnibh sall. Thugadh sé cúpla turas gach aon lá ag ól a bhraon, agus ní stadadh sé ach ag amhrán. Bhí duine uasal, insa tig sin go raibh sé, ar an bhfuinneog. Bhíodh sé in airde sa bhfuinneog as a chionn gach aon lá, agus ba bhreá leis a bheith ag éisteach leis. Ach dúirt sé leis féin lá, dá mbeadh éinní cóir aige, gur mhór an spórt é. Lá, chuaigh sé trasna ag ól a bhraon. Scaoil sé anuas sparán airgid, agus nuair a tháinig an gréasaí i leith, d'fhéach sé síos, agus d'fhéach sé suas, agus do bhailimh sé isteach a sparán idir a dhá chois. Scaoil sé an t-aprún anuas, agus chinnibh sé clúdaithe an sparán. Níor chuaigh sé ag ól aon bhraon i rith an lae aríst, agus ní lú ná dúirt sé aon amhrán. Bhí an oíche ann nuair a dh'fhág sé an paiste. Do rug sé abhaile an sparán, agus ar maidin lá arna mháireach, do chuaigh sé ar an sráid aríst, agus do rug sé an sparán leis. Níor dhíon leis é a dh'fhágaint in aon áit. Do bhuail sé san áit chéanna é. [Ní dúirt sé] aon amhrán i rith an lae ná níor chuaigh ag ól aon bhraon. Bhí iontas ar an nduine uasal cad a dh'imigh air. Ach an tríú lá, tháinig an duine uasal anuas chuige.

“Dhera,” arsa é sin, “cad ina thaobh gur stadais dos na hamhráin. Ní chloisim aon amhrán agat le dhá lá.”

“Dhé, nílím rómhaith,” arsa é sin.

“Á mbeifeá mar mise,” arsa é sin, “ní mór na hamhráin a déarfá.”

“Cad a dh'imigh ort?” arsa an gréasaí.

“Ghaibheas ansan síos an tsráid an lá eile,” arsa é sin, “agus ar mo theacht aníos, bhí sparán airgid caillthe agam.”

“Ó in ainm Dé,” arsa an gréasaí, “seo dhuit é. Níl meabhair ná ciall agamsa ó bhuail san liom anso. Seo dhuit é. Tóg bhuam as mo radharc é.”

“Cinnibh anois é,” arsa an duine uasal, “is ná deineadh sé aon mhairg duit. Caith leat fhéin é.”

Bhí sé sásta ansan. Lá arna mháireach, bhí sé ag obair, agus ag amhrán, agus ag ól a bhraon. Ach níorbh fhada gur bhuail an duine uasal breoite, agus cailleadh an-obann é. Tháinig an bhean uasal.

“On diabhal,” arsa í sin leis an ngréasaí, “is fearra dhuit dul isteach, agus luí sa leabaidh. Tá sé siúd caillthe. Níl aon uacht déanta aige. Tá mórán daoine muinteartha aige. B’fhéi’ go bhfágfaidís mise gan éinní ón uair nár dhein sé a uacht. Tair isteach, agus bain díot do chuid éadaigh, agus luigh sa leabaidh, agus cuirfeadsa fios ar an aturnae, agus dein uacht.”

Bhí sé sásta leis. Do chuaigh, agus do luigh sé sa leabaidh. Chuir sé fios ar an aturnae, agus do tháinig sé.

“Tánn tú ana-shuarach,” arsa an t-aturnae.

“Á, táim,” arsa é sin, “ní fhágfaidh mé an áit seo. Ba mhaith liom m’uacht a dhéanamh.”

Tosnaíodh leis an uacht. Bhí sé niste ag an mbean do cad é an méid airgid a bhí sa bhanc.

“Tá an oiread so airgid sa bhanc,” arsa é sin, “cuir síos a leath dhom bean, agus a leath dhon ngréasaí bocht a bhíonn ag obair ansan amuigh, mar níl aon duine muinteartha agam is fearr a dheineann cuileachta dhom ná é, agus tá feirm thalún agam, agus cuir síos é dhon ngréasaí.”

Bhí sí fhéin ag éisteach leo, agus a croí á ghreadadh, gan neart aici labhairt. Deineadh an t-uacht, agus bhailimh an t-aturnae leis. D’imigh mo ghréasaí ag obair aríst, agus níorbh fhada gur ghaibh an t-aturnae chuige.

“Cad é an áit é seo go bhfuileann tú?” arsa an t-aturnae.

“Sin é an áit a bhím i gcónaí,” arsa an gréasaí.

“An bhfuil a fhios agat éinní ach mar sin?” arsa é sin.

“Cad a bheadh a fhios agam?” arsa an gréasaí.

“Ná fuil sé seo istigh ag dul chun báis, agus tá uacht déanta aige. Tá leath a chuid airgid fágaithe agatsa,” arsa é sin, “agus feirm thalún.”

“An ndéireann tú liom é?” arsa an gréasaí, ag preabadh ina sheasamh.

“Deirim,” arsa é sin, “mise a dhein an t-uacht.”

“An bhfuairis éinní cóir?” arsa an gréasaí.

“Fuairéas,” arsa é sin, “fuairéas chúig phunt.”

“On diabhal,” arsa an gréasaí, “go dtabharfadsa chúig phunt eile dhuit.”

“Is fearr ná san é.”

“Sáin má tá sé i gceist.”

Theasáin sé dho é, an t-uacht. Is dócha go raibh an gréasaí ábaltha ar é a léamh. Bhí sé ina dhuine shaibhir. Fuair sé an t-airgead, is bhí an talamh aige¹.

¹ c.f. ATU 1588 ‘The Fradulent Will’: “... a trickster... impersonates a man who has died and dictates his will to a notary who does not know about the death. Contrary to a prearranged plan, the new will benefits the trickster (gives him the entire estate)”. Níl aon leagan Éireannach den scéal seo liostáilte in TIF.

277. *Ar an bhféith sin is fearr é*

25.2.45

CBÉ, 968: 6-7

Bhí fear ar thaobh bóthair lá, in imeall sléibhe, is bhí capall ar dtaobh istigh do chlaí aige ag ithe.

Bhí sé fhéin suite ar an gclaí. Do ghaibh stróinséar an bóthar.

“Sin capall deas agat,” arsa é sin.

“Is ea, mhuis,” arsa an fear eile.

“An ndíolfá é?” arsa an fear eile.

“Do dhíolfainn,” arsa é sin.

“Cad atá bhuit air?”

“Tá an oiread so,” arsa é sin.

“An bhfuil sé go maith chun tarrac?” arsa an stróinséir.

“Ar an bhféith sin is fearr é,” arsa é sin.

“An bhfuil sé go maith chun treatha?”

“Ó, ar an bhféith sin is fearr é,” arsa é sin arís.

Cheannaigh sé an capall, agus do dh'ardaigh sé leis é. Ní thairrigeodh an capall sin an chairt folamh.

Ní lú ná treabhfadh sé. Thriaill sé leis gach éinní é, is ní dhéanfadh sé éinní dho. Thug sé chuige é á dh'fhógairt é.

“Tóg leat é,” arsa fear an chapaill, “tóg leat é.”

“Nár chuais fé dhom, a fheabhas a bhí sé,” arsa é sin.

“Níor chuas-sa fé dhuit,” arsa é sin, “ach chuas fé dhuit gurb ar an bhféith úd a bhí in aice linn ab fhearr é, agus ar an bhféith sin ab fhearr é.”

Bhí féith in aice leo, agus deireadh sé i gcónaí gurb ar an bhféith sin ab fhearr é. Do sheirbheáil sé é, agus chuadar chun na cúirte. Do nis sé dhóibh cad é an margadh a bhí eatarthu, agus go ndúirt sé gurb ar an bhféith sin ab fhearr é, agus “dob ar an bhféith sin ab fhearr é,” arsa é sin. Cuireadh i *void* an fear eile.

278. *Barra na teangan do ghabhair*¹

[?].6.44

CBÉ, 936: 397-399

Beirt spailpíní a bhí ann, agus chuadar síos go Tiobrad Ára ag baint phrátaí, agus bhíodar ag siúl leo, agus do bhuail tig feirmeora leo tráthnóna, agus do bhí scata mór ba á chrú age muintir an tí nuair a ghaibheadar an treo. Bhí abha ag gabháil laistiar do thig. Chuadar isteach 'on tig, agus is dócha go raibh tart orthu. Do loirgíodar deoch.

“Dhóigh liom,” arsa bean an tí, “go bhfuil úr ndóthain lé n-ól san abhainn sin amuigh agaibh, agus gan a bheith ag teacht anso isteach chughamsa á iarraidh.”

D’imíodar gan an deoch a dh’fháil, agus tamall suas ón dtig, do bhí scata gabhar ann, agus do bhí cailín ag crú na ngabhar, agus d’aithníodar gur iníon don bhfeirmeoir í. D’fhanadar nú go raibh an cailín imithe, agus do thánadar, agus do bhaineadar barra na teangan dos na gabhair. D’imíodar orthu ansan, agus thugadar téarma i dTiobrad Ára, agus nuair a bhíodar ag filleadh abhaile, nuair a thánadar comh fada leis an áit seo aríst, do chonaiceadar an cailín céanna ag crú na ngabhar. Scread duine acu.

“Dhera a bhithiúnaigh,” ar seisean, “cad ab áil leat ag crú ár ngabhar.”

“Dhera, nách iad so ár ngabhair féin,” ar sise.

“Mar deirimse nách iad,” ar sisean, “sin iad mo ghabhairse, agus is fada á lorg mé.”

Seo leis ag bagairt na ngabhar leis, agus do tháinig an feirmeoir, agus más ea, ní raibh an spailpín ag tabhairt aon tor air, agus chuir an feirmeoir fios ar an ngarda, agus tógadh iad, agus tugadh fé bhráid na cúirte, agus do bhí an chúis ar siúl, agus iad á dhaoradh. D’éirigh an buachaill.

“Táimid sásta,” ar seisean, “lé príosún a chuir lé ár saol orainn mara bhfuil ár gcomhartha féin ar na gabhair.”

“Cad é an comhartha é sin?” arsa an breitheamh.

“Tabhair isteach na gabhair anois,” ar seisean, “agus mara bhfuil barra na teanga dos nach

¹ Tá insint seo Mhic Criomhthain áirithe faoi TIF 1532 A Proof of Ownership by a Trick.

aon cheann acu, daortar sinne.”

Tugadh isteach na gabhair, agus féachadh orthu, agus bhí barra na teangan dos na haon cheann acu. B'éigeant na gabhair a thabhairt dóibh, ach is dócha nár thugadar leo in aon chor iad, ach airgead a dh'fháil ina gcoinne.

279. *Bean chrúite na bó agus an báille*¹

11.3.45

CBÉ, 968: 173-174

Bhí bean maidean ag crú bó istigh i ngort, agus nuair a chuaigh sí fén mbó, do tháinig báille ar an ngeata chun *decree* a bhualadh ar an mbó. D’fhan sí fén mbó ó uair go huair, agus í ag crónán don mbó i gcónaí, agus bhí an báille ina sheasamh sa gheata. Is ea, ní fios cathain a bheadh an bhó crúite.

“Mo thaisce is mo ghrá thú,” arsa í sin, “is go bhfanfá taobh liom go dtí maidean amáireach, á bhfanfadh an scolpán sa bhearna.”

D’imigh an báille, is d’fhág sé ansan í fhéin is an bhó. Níor dh’fhéach sé in aon chor uirthi. Nách deas a dúirt sí é.

Sneachta um Nollaig

Tháinig Nollaig fadó ar an mbaile seo, agus ní fhéadfadh éinne dul ’on Daingean age sneachta agus age sioc. Ní mór na Nollaigí a thugaidís leo san am san. Ach do bhí buachaill ar an mbaile, fear fiain láidir ab ea é, dúirt sé go dtabharfadh sé fhéin fén nDaingean. Do chuaigh teachtaire go dtís gach aon tig ar an mbaile ag insint dóibh go raibh a leithéid sin ag dul ’on Daingean, agus go dtabharfadh sé a dteachtairacht leis. Tháinig gach éinne is do thug gach éinne síntiúis beag do. Níor mhór é, unsa té is leathphunt siúicre. Bhuail sé chuige paca. D’imigh air. Tréis é a dh’imeacht is ea a shéid ar fad. Dúirt sé ná treabhfadh sé go deo. Bhíothars ag faire an tSeana-Mháma. Ní raibh aon bhóthar eile an uair sin ann, ach an Seana-Mhám agus siar. Ag déanamh ar thráthnóna, chonaiceadar é i bhfoirm coca féir ag cuir barra an Mháma anuas do, é² comh mór san age sneachta ceangailte isteach ann agus as chionn Chathair Deargáin is ea a thit sé. Do chuaigh cabhair ag triall air. Thugadar leo é isteach go dtí an chéad tig, agus bhí tine mhaith ann. Téiodh é, agus tugadh

¹ Tá leagan eile den eachtra seo le fáil in §3 | CBÉ, 977: 264-268 chomh maith.

² l.s. ‘e’

deoch te dho. Do thugadar thar'n ais é, ach do bhí teachtaireacht gach aon duine aige¹.

¹ Tá an méid seo le fáil in §92 | CBÉ, 1035: 159-160 leis.

280. *Breith chrochta ar dhuine i nGallros*

15.8.45

CBÉ, 977: 341-343

Is gránna an rud duine go mbeidh drochmhianach ann. Is minic a chloisinn m'athair, trócaire air, nuair a bhí sé ina gharsún, bhí cliabhán éan curtha fé bhráid éanlaithe ansan thuas age cois an chlaí. Bhí sé á dh'fhaire go maith, féachaint cathain a raghadh aon éan ann. Ach do ghaibh fear ó Ghallros an cnoc anuas a bhí ar theitheadh ó phílears go raibh coir chrochta air. Ghaibh sé trasna díreach go dtí an áit go raibh an cliabhán éan. D'fháisc sé chuige, agus thruipeáil sé ar fuaid an ghoirt é, agus dhein sé cipíní dho, n'fheadair sé sara mbainfeadh sé an tig amach ná go mbeadh beatha air. B'fhearr leis an ngarsún é féin a thruipeáil ná an cliabhán éan.

Bhí duine marbh aige i nGallros. Bruíon a bhí ann. Tháinig na póilíní, is bhí sé teite in airde i mBarra an Chaisleáin. Ní fhéadfadh éinne acu dul in airde ag triall air. Chuaigh driotháir don té a maraíodh in airde, is do chuir sé sin deabhadh anuas air. Ní túisce a bhí sé ar an dtalamh ná gearánaíodh é. Ardaíodh chun siúil é. Is dócha go gcrochadh i dTrá Lí é. Moriarty na Mainíneach ab ea é. Bhí feairín beag, ana-bheag, agus do chuir sé suas é. D'imigh sé, is rug sé ar dhá thaobh borlaigh air seo a maraíodh. Do tháinig an *murderéir* laistiar do, agus do bhuail sé i gcúl an chinn le maide é. Do leag, is d'fhan ansan – an fear eile a bheith curtha suas aige chun é a ghreamú.

Bhí fear eile i nGallros, agus bhí sé ag tarrac aoiligh, agus tháinig namhaid a bhí ar an mbaile aige, agus claíomh laistigh dá chasóig aige. B'fheí' gur claíomh a dhein sé fhéin é. D'fhan sé ina theannta faid a bhí sé ag líonadh an aoiligh, agus chonaic fear an aoiligh amharc éigint ar an gclaíomh. I dteannta é a bheith ag líonadh aoiligh, do chinnibh sé a shúil i gcónaí ar fhear an chlaímh. Shiúlaigh sé go dtí an dtig aríst ina theannta, agus do líon sé ualach aoiligh. Do shiúlaigh sé go dtí an gort ina theannta. D'fholmhaigh sé an t-ualach aoiligh. D'imigh fear an chlaímh bhuaidh. Ach an lá ina

dhia' san, bhuaileadar sa Daingean le chéile. Bhí cuileachta acu i dteannta a chéile. B'fhéidir go raibh bliain ann.

“An raibh aon eagla ort a leithéid seo 'o lá?” arsa fear an chlaímh leis.

“Do bhí mo dhóthain,” arsa fear an aoiligh, “ach dá dteipfeadh an chéad bhuille ort, tú fhéin a bheadh thíos leis.”

“Sin é a shábháil tú,” arsa fear an chlaímh, “bhí an t-eagla orm go dteipfeadh orm.”

Ba chuimhin le m'athair é sin.

281. *Broderick, aturnae cliste*

[?].8.44

CBÉ, 965: 45

Broderick a bhí i dTrá Lí, aturnae ab ea é, agus feairín ana-bheag ab ea é. Ach bhí sé ar chúrsa éigint sa chúirt lá, agus bhí sutha mór éigin d'aturnae ann. Ach bhí argóint an domhain ag an mbeirt. Bhí comhrac an domhain i mBroderick. Ach san argóint dóibh:

“Eist do bhéal,” arsa an fear mór, “ní chuirfinn síos im phóca thú.”

“Dá mbeinnse id phóca-sa mhuisse,” arsa an fear beag, “is mó dlí bheadh id phóca ná tá id cheann mhór.”

282. *An buachaill a dhíol an gamhain trí huair*¹

[?].6.44

CBÉ, 936: 421-424

Bhí feirmeoir thoir in aice Thrá Lí turas, agus bhí mac aige, agus ana-*sprea boy* ab ea an mac. Bhíodh sé ag ól is ag caitheamh. Chuaigh sé amach lá, agus bhí bó beartha ar an ngort, agus nuair a fuair sé an bhó triomaithe suas, do bhuail sé² chuige é, agus d'imigh sé i dtreo an bhaile mhóir leis chun é a dhiol. Do bhuail búistéir leis, agus do dhíol sé an gamhain leis, agus do dhíol an búistéir as an ngamhain. Thug sé dho an t-airgead, agus dúirt sé leis an gamhain a bhreith go dtí an tig. D'imigh sé, agus an gamhain aige, agus níor bhac sé dul go dtí an tig leis an ngamhain, chuaigh sé go dtí an tara búistéir leis é a bhreith go dtí an tig. D'imigh sé agus do bhuail an tríú búistéir leis, agus do dhíol sé leis an tríú búistéir é, agus d'fhág sé an gamhain ag an tríú búistéir, agus bhailimh leis. Bhí san go maith, agus tráthnóna nuair a bhí an chéad bhúistéir ag siúl na sráide nuair a ghaibh sé thar thig an tríú búistéir, do chonaic sé an gamhain ar crochadh anuas aige, marbh.

“Nách dealraitheach lé gamhain a cheannaíos-sa é sin,” arsa é sin, “ar maidin inniubh.”

“Ní hé sin do ghamhain,” arsa an búistéir eile, “do cheannaíos-sa é sin ó bhuachaill a ghaibh chugham inniubh, agus do dhíolas as go macánta.”

Is gearr gur ghaibh an tara búistéir an treo, agus bhí an scéal céanna aige sin.

“Is ea, tá san déanta,” arsa iad san, “ach díolfaidh sé sinne.”

Do sheirbheáladar é, agus bhí an chúirt lé b[h]eith ann. Bhí beartha air, agus n'fheadair sé cad a dhéanadh sé. Bhí aturnae ana-mhaith i nDún Chaoin an uair sin. Loingseach ab ea é, agus chuaigh an buachaill chuige.

“Is dócha go gcrochfar mé mar gheall air,” a dúirt an buachaill.

Stad an t-aturnae.

“Tá aon tseift amháin againn,” arsa an t-aturnae, “ach caithfidh tú rud a dhéanamh orm.”

“Déanfad,” arsa é sin.

¹ Tá insint seo Mhic Criomhthain áirithe faoi TIF 1585 The Lawyer's Mad Client.

² .i., an gamhain.

“Nuair a raghair in airde anois,” arsa é sin, “lá na cúirte, pé ceist a cuirfear ort, ná tabhair aon fhreagra uirthi, ach abair ‘léim sé anonn thar *budget* is léim sé anall thar *budget*’.”

“Dhera, ná fhuil a fhios agat,” arsa an Loingseach, “gur amadán é seo, agus is mó do chúis go mór ar éinne a cheannaíonn éinní ó amadán ná ar an amadán féin.”

“Is fíor san,” arsa an breitheamh.

Scaoileadh saor é. Nuair a ghaibh sé amach ansan, do lean an Loingseach é.

“Is ea, tánn tú saor anois,” arsa an Loingseach, “agus caithfidh tú mise a dhíol.”

“Léim sé anonn thar *budget*, is léim sé anall thar *budget*,” arsa é sin.

B’éigeant don Loingseach éirí dho. Sin é an dálta céanna agamsa, agus ages na scéalta atá agam. Tá cuid acu scríte cheana bhuam, agus ní theastódh bhuam iad a bheith á bhailiú aríst bhuam ar nós mac an fheirmeora san a dhíol an gamhain trí huaire.

283. *Croch na Ceapaí*

7.1.45

CBÉ, 967: 244-245

Is é an dlí a bhí in Éirinn fadó – chrochfaí duine inniubh, agus amáireach a bheadh a chás á thriail. Ach sa Cheapaigh¹ a crochadh an duine deireanach leis an ndlí sin. Bhí fearr ann, agus do dearbhaíodh air gur ghoid sé bullán bán, agus gur mhairbh sé é. Do crochadh é, agus lá arna mháireach, do bhí a chás á thriail, agus nuair a bhí á chás ar siúl, is ea a tháinig an bullán bán go dtí an ndoras. Cuireadh deireadh leis an obair sin. Níor crochadh éinne ó shin nua go mbeadh triail air.

¹ “Ceapadh, baile i bParóiste an Chlocháin” a thugann nóta ó SÓD le fios, ach is cosúil gurb é 'An Cheapaigh' atá i gceist faoi mar a thugann logainm.ie le fios.

284. *Daoine a thug téarma príosúin*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 425-429

Bhíodh gréasaí ag siúl orainn anso thíos sa tseana-thig. Bhí sé dhá bhliain sa phríosún, bliain phríosúin a bhí gearrtha air, agus bhí sé le scaoileadh amach an lá so, ach nách mór mar a bhíonn an diabhal ag priocadh daoine. Bhíodar ag obair ar an gceird. B'fhéidir go raibh triúr nó ceathrar gréasaithe ann, ach ghaibh duine acu amach, agus tháinig sé seo, agus chuir sé an meanaithe, agus an bior in airde anuas ar an stól. Nuair a tháinig an gréasaí eile isteach, tá a fhios agat conas a shuíonn gréasaí, do shuigh sé le fuinneamh anuas ar an stól, agus do ghaibh an meanaithe tríd suas. Beireadh ar mo dhuine, agus buaileadh bliain eile air, agus é le scaoileadh amach an lán san. D'fhiarthaigh m'athair do canathaobh gur dhein sé é.

“An té go mbíonn an diabhal ina bhóthar,” arsa é sin, “ní fhéadann sé stad.”

Níor áirimh sé in aon chor canathaobh gur gearradh an príosún air.

Athair Mhaidhc Mórain Chnoc na hAbha, bhí príosún lena shaol gearrtha air sin i Meoraice ach do ligeadh amach é. Ghaibh sé lá anso 'dtí m'athair, agus bhí madra aige.

“Nách deas an maidrín é sin agat?” arsa m'athair leis.

“Níl aon locht air,” arsa é sin, “ach ná déanfadh sé an geata a dhúnadh, agus a dh'oscailt, ach dhéanfadh sé nach éinní eile.

“Á mbeadh coileán agam aisti,” arsa m'athair, “b'fhearr liom ná rud maith é.”

I gcionn leathbhliaina ina dhia' san, ghaibh sé chuige, agus dhá choileán aige.

“Tóg do rogha acu so anois,” arsa é sin lem athair.

“Fág ansan go maidean iad,” arsa m'athair.

“Ní dh'fhágfaidh mé,” arsa é sin, “mar caithfidh mé ceann acu a chuir go hArda Mór

anocht.”

“Beir leat an dá cheann mar sin,” arsa m’athair leis – i dtaobh ná fanfadh sé ina theannta go maidean, ba bhreá leis duine a ghabháilt chuige, agus fanacht go maidean ina teannta.

“Do buaileadh isteach im aigne an bóthar aniar gurbh shin é a bheadh eadrainn,” arsa Mórain, “suífidh mé anois,” arsa é sin, “agus dá ndéanfainn rud ar do dhriotháir, ní gheobhainn tríd an méid a ghaibheas. An oíche a thit an tranglam amach orm i Meoraice,” arsa é sin, “dúirt sé liom gan corraí amach an oíche sin, mar go raibh droch-chuileachtaí agam. Is amhla a chromas ar gháirí fé,” arsa é sin, “ach do dhírigh sé orm, agus dúirt sé liom a chomhairle a dhéanamh nú go mbeinn im aithreachas. Níor dheineas an chomhairle,” arsa é sin, “agus do theangaigh dom. Chuas in aonacht leis na cuileachtaí, agus do deineadh marú an oíche sin.”

Do tógadh é féin, agus triúr eile. Cuireadh cúirt orthu, is ní thabharfadh éinne acu amach cé a dhein an marú. Ach do gearradh príosún lena saol ansan orthu. Sagart a bhíodh ag dul ag triall orthu a thug saor Mórain. Dúirt an sagart ná raibh aon chúis ar Mhórain. Tugadh as chomhair an bhreithimh aríst é, agus ceistíodh é. Nuair a bhí an ceistiú críochnaithe, d’fhiarthaigh an breitheamh do:

“Cad a dhéanfaí anois,” arsa é sin, “dá scaoilfaí saor thú?”

“An tír seo a dh’fhágaint,” arsa é sin, “agus dul abhaile ’dtím leanaí.”

Scaoileadh saor é, agus tháinig sé abhaile. Tamall tréis teacht ó Mheirice, bhí sé ag seoladh na mba tráthnóna. Ní raibh an lá ann, is ní raibh an oíche ann, eascar an lae is oíche, tráthnóna breá. Nuair a bhí na ba curtha isteach ’on ghort aige, ghaibh fear chuige go raibh seana-chaidreamh aige air seara gcuaigh sé go Meoraice.

“Tráthnóna breá a Shéamuis,” arsa é sin.

“Is ea mhuisse,” arsa Séamus ag cromadh síos chun a gheata a dhúnadh go mbeadh tamall cainte age leis.

Nuair a bhí an geata dúnta aige, ní fheaca sé pioc do, is b’ait leis conas a leig sé air. Ach nuair a chuaigh sé isteach abhaile, bhí sé á rá.

“Dhera,” arsa a b[h]ean, “tá san curtha le fada.”

Bhí dóthain d’aithreachas ansan air nár fhan ina seasamh go mbeadh tamall cainte aige leis.

Bhí Mórain lá eile ag treabhadh ar an mBóthar Buí ansan thuaidh agena dhriotháir. D’fhan sé ann an oíche sin, bhí bó i mbéal beatha aige baile aige. Siar san oíche, chuimhnigh sé uirthi, agus bhí trinse mór laistiar don mbó, agus dúirt sé má bhéarfadh an bhó go mbeadh an gamhain múchta sa trinse. Ní fhéadfadh sé aon chodladh a dhéanamh, ach ag cuimhneamh uirthi. D’éirigh sé i lár na hoíche, agus bhuail sé an iallait ar a chapall, agus thug fén dtig. Age bóithrín an Bhaile Riabhaigh, stad an capall, agus is amhla a bhí sé ag dul i ndiaidh an chúilin ionad a bheith ag dul chun cinn, agus nach aon tsrann aige. Chuaigh sé ana-dhian air é a chuir thairis an áit, agus ní fheaca sé féin faic ann, ach nuair a chuir an capall an paiste sin do, d’imigh sé sa tsiúl, agus mara mbeadh go raibh doras an stábla déanta roimis, bhí mórán smiotaithe aige. N’fheadair sé cad a chuir an t-eagla ar an gcapall.

Naomh Manachán a bhí sa Bhaile Riabhach a chloisinn, turas Naomh Manachán atá ann. Ansan mar a bhfuil an fothrach ann, chuala gur sagart a maraíodh ann. Is dócha gurb é an naomh a maraíodh ann. Bhí seandúine ón áit sin turas ag caint le m’athair. Dúirt sé nách Baile Riabhach in aon chor an ceart ach Baile an Diabhail. Is dócha gur toisc an sagart a mharú ann a thug sé Baile an Diabhail air.

285. *Fear i bpríosún gan deoch*

7.1.45

CBÉ, 967: 238-239

Bhí fear i bpríosún, agus an fear a bhí ag tabhairt bídh do, ní thugadh sé aon deoch do. Bhí sé ar feadh i bhfad mar sin. Bhí iontas ar an té a bhí ag tabhairt bídh do conas ná raibh sé caillthe fadó 'cheal dí. D'fhiarthaigh sé dho aon lá amháin:

“Conas atánn tú ag maireachtaint gan aon deoch?”

“Baineann crústa an aráin uisce óm fhiacra,” arsa é sin, “agus deineann sé sin deoch dom.”

As san amach, bhaineadh sé an crústa dhon arán á thabhairt do. Ní fada a mhair sé. Bhraigeáil sé ansan a fheabhas a bhí déanta aige. Ní raibh cead aige é sin a dhéanamh. Deineadh é féin a chur isteach, agus an rud céanna a dhéanamh leis, agus ní fada a mhair sé. Ba é dóthain do dhiúité é.

286. *Ná tabhair iontaobh lé pílear*

18.2.45

CBÉ, 967: 484-486

Do bhí feirmeoir fadó ann, agus do fuair sé sathach fuiscí ar an dtráigh. Do thug sé abhaile é, agus do chuir sé i bpoll é. N’fheadair sé ’on domhan conas a chuirfeadh sé a chúram do. Do bhí mac do ina phílear, agus do bhí sé tagaithe abhaile ar pas. Dar leis nár chás do cad a déarfadh sé leis an mac, nár bhaol do é. Tá sé ráite riamh, dá mbeadh do mhac ina phílear gan aon iontaibh a thabhairt leis. D’eachtraigh sé dho ar an sathach, is dúirt sé ná feadair sé conas a chuirfeadh sé a chúram do.

“Tá a fhios agamsa é,” arsa an mac, “féadfair é a chuir isteach i ráil mhóna, agus é a dh’ardú leat ’on bhaile mhór. Ní bheidh a fhios ag éinne é. Bíodh sé istigh sa ráil agat.”

“Tá go maith,” arsa an t-athair.

Bhí comharsa aige go raibh sé ana-mhór leis. D’eachtraigh sé dho ar an seift a dhein an mac do ar an sathach a dhíol.

“Nár chualaís riamh,” arsa an comharsa leis, “dá mbeadh do mhac ina phílear gan aon iontaobh a tabhairt leis. Ná dein rud air, ach tabhair an sathach domhsa, agus béarfadsa an sathach liom, agus beirse ráil spairte¹ leat, agus cuir a dhóthain airgid léi.”

Dhein sé rud air, agus d’ardaigh sé leis an ráil spáirthe, agus sara gcuaigh sé isteach ’on bhaile mhór, bhí beirt phílears ina choinnibh.

“Cad ‘tá bhuaite ar an ráil mhóna?” arsa iadsan.

Cuir sé daor go maith an ráil, agus do cheannaíodar é².

“Tóg leat go dtí an beairic é,” arsa é sin.

Bhí duine acu ar gach taobh do, agus nuair a rug sé an ráil mhóna go dtí an beairic, scaoil sé amach ar a sháil é. Ní raibh éinní ann ach spairt. Do dhíol an fear eile an sathach. Ba mhaith an chomharsa é. Níor mhaith an tógaint a dhein sé ar an mac.

1 “Móin bhog fhluich” an sainmhíniú a thug SÓD ar an bhfocal seo. c.f. chomh maith 'spairt' in FGB.

2 Meabhraíonn nóta ó SÓD gur 'í' ba cheart a bheith ann.

287. Oileán GEARÁN

[?].8.45

CBÉ, 977: 423-427

Géarán Ó Drisceoil, fear siúil a bhí ag siúl anso a bhí ag cuir síos air, iascaire a bhí ansan. Ar iascach a bhí sé ag maireachtaint, agus thagaidís isteach 'on bhaile mhór ag triall ar shalann uair sa choicíos. Bhí mac age duine acu. Is é an ainm a bhí baistithe air GEARÁN Ó Drisceoil. Ach nuair a bhí sé éirithe suas chun a bheith sa déagaibh, ba mhór an seó an gaisce a bhí ann. Nuair a bhí sé seacht déag do bhlianaibh, thugadar leo 'on bhaile mhór é go mbeadh triall acu air. Theastaigh salann bhuathu. An tig go raibh an salann á dhíol, bhí sé tamall mór ón gcé fé mar atá Sráid an Daingin ó Ché an Daingin. Chuaigh criú an bháid ar fad suas ar an sráid, agus GEARÁN in aonacht leo. Do thugadar braon dí dho. Garsún a bhí sa tsiopa. Thugadar dhá mhála dho, agus dúradar leis dhá chéad a chuir ins gach aon mhála acu san don salann. Chuaigh an garsún ag tomhas an tsalainn, is á chuir sa málaí. D'imigh criú an bháid chun an ché. Nuair ba dhóigh leo an salann a bheith sa málaí ag an ngarsún, dúradar le GEARÁN dul ag triall ar an salann. Nuair a tháinig GEARÁN isteach, d'fhiarthaigh sé don ngarsún an raibh an salann ullamh aige.

“Tá,” arsa an garsún, “an bhfuil aon chairt agat?”

“Níl,” arsa é sin.

Rug sé ar bhéal an phaca, is chaith sé ar a dhrom é, fé mar a dhéanfadh duine eile cloch *weight*, dhá chéad salainn. Chuir sé an doras amach do, agus ní ag siúl a bhí sé ach ar sodar. Sara dtáinig sé aríst, bhí fear an tsiopa tagaithe 'on tsiopa. D'fhiarthaigh sé don mac canathaobh go gcuir sé oiread salainn sa phaca san.

“Sin é an t-ordú a fuaireas,” arsa an garsún, “tá mála acu imithe age slataire buachalla.”

“Cé a dh'ardaigh éinne air é,” arsa an garsún, “do chaith sé thiar air é gan aon dua.”

“Dhera a bhlaigeaird, ná bí ag insint éithigh,” arsa an t-athair, “ní fada go mbeidh a fhios go mbeidh agat,” arsa an garsún, “nách aon éitheach atháimse a dh'insint, mar beidh sé chughat láithreach aríst.”

“Imigh ort isteach ’on chistin,” arsa an t-athair leis.

D’ísligh sé é féin istigh sa tsiopa, agus níorbh fhada gur bhuail GEARÁN isteach. D’fhéach sé timpeall, is ní fheaca sé éinne. Rug sé ar bhéal an phaca, is bhuail thiar a dhrom é go neafaiseach.

“A bhithiúnaigh,” arsa fear an tsiopa.

D’fhéach sé, is chaith sé bhuaidh an paca.

“Ní haon bhithiúntaíocht é,” arsa é sin, “tá díolta ag an gcrió as so.”

“Fág ansan go fóill é,” arsa é sin, “is beimid ag caint.”

“Á, bheadh mo chrió imithe bhuam,” arsa é sin.

“Ní bheidh,” arsa fear an tsiopa, “mar cuirfeadsa teachtaire ag triall orthu.”

Shín sé timbléir mór fuiscí chuige, agus d’ól sé é. Chinnibh fear an tsiopa ag caint tamaillín ansan é nú gur bhraith sé go raibh sé maith go leor. Bhí sé sin ina sheó age pílears ag faire air.

“Buail amach ansan go fóill,” arsa é sin, “is máirséail ansan amuigh.”

Bhí an dá phílear ar an dtaobh thall ag faire. Do ghaibh sé amach sé amach, agus níorbh fhada go bhfuair sé *stagger* beag. Ní raibh aon taithí aige ar an deoch. Ní túisce sin ná a rith an bheirt phílears, is ghreamaíodar é.

“Cad ’tá oraibh?” arsa é sin leis na pílears.

“Tánn tú ar meisce,” arsa iad san, “caithfimid tú a bhreith ’on *lock up*.”

“Cá bhfuil an *lock up*?” arsa é sin.

“Ní fada go mbeidh a fhios agat é,” arsa duine acu.

Bhí duine acu ar gach taobh do, is ghreamaigh sé duine ar dhuine iad, is a gceann roimis amach, is d’fháisc is do bhuail an tsráid síos. Do chuadar go dtí bun na sráide.

“Dhera, cá raghaidh tú lem fhearaibh?” arsa captaen na bpílears leis. Bhuail sé leis thíos age bun na sráide.

“Táim ag dul ’on *lock up*,” arsa é sin, “an bhfeadaraís cá bhfuil an *lock up*? Dúradar go rabhas-sa ar meisce,” arsa é sin, “agus go mbéarfaidís ’on *lock up* mé, agus táimse chun iad fhéin a bhreith ann.”

“Dhé, scaoil bhuit iad,” arsa an captaen.

Chaith sé duine acu mar sin, agus duine acu mar sin, agus do scrabhadh a n-aghaidh maith ar an sráid. Bhuit sé an tsráid aníos aríst. San am gur shroich sé an tig ósta, bhí an chriú tagaithe. Chuir fear an tsiopa fios orthu. Cad é lá óil a dhein sé acu, agus ní thógadh sé pingin bhuathu. Thug sé ordú dhóibh ansan gach aon uair a theastódh éinní bhuathu gur chuma dhóibh airgead acu nú bhuathu. Ón lá san amach, níor dh’fhéach aon phíleair ar a dhoras san. Seacht mbliana déag a bhí sé an uair sin. An dóigh leat ná go raibh obair ann? In Oileán Géaran a bhí sé, pé áit go bhfuil sé sin.

Mo shin-seanathair, chloisinn m’athair ag cuir síos air. Níor éirigh sé riamh ón mbord ná go n-altaíodh sé, agus deireadh sé ar deireadh: “Ó chogadh agus ó phláigh, saor sinn a Íosa.”

288. *Prioc-sa gé, is priocfadsa gé*

3.12.44

CBÉ, 936: 433-434

Bhí beirt driothár ann fadó, agus bhí blúire talún ages gach éinne acu, ach bhí garraí beag, bhí sé i bplé eatarthu. Bhíodar ag dul 'on chúirt go mion minic, agus rud maith caillthe acu leis an gcailín. Ach chuaigh duine acu go dtí an aturnae lá roimis an gcúirt. Do scrígh an t-aturnae leitir do, agus dhún sé suas í.

“Beir í sin go dtí aturnae an fhir eile,” arsa é sin.

Bhuail sé chuige í. Ní raibh aon dúnadh mór ar an leitir i gcaitheamh na slí – is deas í an fhoghlaím. D'oscail sé í. D'fhéach sé uirthi. Léigh sé í. Is é an rud a bhí sa leitir: “dhá ghé ramhra iad so. Prioc-sa ceann acu is priocfad-sa ceann acu.” Bhuail sé ina phóca í, is tháinig sé abhaile, is é an chéad áit a tháinig sé isteach go tig a dhriothár. Chuir bean an driothár céad fáilthe roimis. Ní dh'fhéachfadh an driotháir air.

“Bíodh an garraí agat,” arsa é sin.

“Ní bheidh ná é,” arsa é sin, “nó go mbeidh sé agam gan do bhaochas.”

Shín sé chuige an leitir.

“Léigh í sin,” arsa é sin.

Léigh sé an leitir.

“Is ea, cé a thug í seo dhuit?” arsa é sin.

“Thug m'aturnae féin dom í le breith go dtí t'aturnae-se.”

“Bíodh an garraí agatsa,” arsa é sin.

“Ní bheidh sé agamsa. Beidh sé agatsa.”

Níor fhéach éinne acu ar an ngarraí ó shin.

289. *Tá cúigear mac agam, is cuirfidh mé duine acu id bhun*

7.1.45

CBÉ, 967: 251-252

Bhí fear bocht fadó ann, agus do theastaigh ón dtiarna talún é a chuir amach as an bpaiste talún ar a shon go raibh sé ag díol cíosa as. Do chuir sé chuige. Bhí sé ag tathant an chíosa air. Ní thógfadh. Chuaigh sé aríst chuige. Ní thógfadh an tríú huair a chuaigh sé chuige:

“B’fhearr dhuit é seo a thógaint,” arsa é sin.

Bhí an tiarna istigh san oifig é fhéin, agus an t-*agent*.

“Ná dúrt cheana leat ná tógfainn,” arsa é sin.

“Tá cúigear mac agam,” arsa é sin, “cuirfidh mé duine acu id bhun.”

Bhailimh leis. Nuair a dh'imigh sé:

“An dtuigis é siúd?” arsa an t-*agent*.

“N’fheadar,” arsa é sin.

“Cad é an cúram aoireachta athá ortsa?” arsa é sin. “Dúirt sé go raibh cúigear mac aige, is go gcuirfeadh sé duine acu id bun. Cad é an cúram aoireachta athá ort, ach is amhla a chuirfidh sé duine acu id lamhach. B’fhearra dhuit socrú a thabhairt dóibh.”

“Níor thuigeas in aon chor é,” arsa é sin, “seo leat ina dhiaidh, agus glaoigh air.”

Ach ghlaoigh an t-*agent* air, agus do tháinig sé isteach, agus fuair sé socrú. Ní raibh sé in aon lúib dlí aige, mar ní dúirt sé go maródh sé in aon chor é, ach go gcuirfeadh sé é ina bhun. Thuig an t-*agent* go maith gurbh shin é an bun.

290. *Thugas bó liom ó Bhearna na Gaoithe*

7.1.45

CBÉ, 967: 255-256

Bhí fear á chrochadh i dTrá Lí fadó, agus nuair a chuaigh sé in airde ar an gcroich, fuair sé cead cainte.

“Thugas bó liom ó Bhearna na Gaoithe,” arsa é sin,

“do thugas bó liom ó D[h]uibhneach aduaidh,

thugas bó eile ó chónagar na dtíortha,

is nách leor dom mar a chuimhním ar m'uacht.

Tá an *farmer* gach lá insan éileamh,

tá na tairní á dhéanamh ag an ngabha,

tá na cláracha á dh'fháscadh léna chéile,

chuin foithin a dhéanamh dom dhroim¹.

Seo libh anois é,” arsa é sin.

¹ Is é atá i gceis leis an ‘bhfoithin’ seo dá dhroim ná ‘comhra’.

Obair - ceirdeanna agus cúraimí, cúiteamh agus uirlisí

291. *An geatóir a loirg leathfhiacha burdáin*

[?].10.44

CBÉ, 966: 21-23

Fear. Ghaibh sé amach tréis a dhinnéir. Ní raibh an abhainn i bhfad bhuaidh. Rug sé slat iascaigh leis. Ní fada a bhí sé ar an abhainn nuair a rug sé ar bhurdán. Ní raibh an baile mór i bhfad bhuaidh. Thug sé aghaidh ar an mbaile mór. É ag déanamh isteach ar an mbaile mór, bhuail fear leis.

“Dhera, a dhiabhail,” arsa é sin, “déanfaidh tú ana-mhaith inniubh. Tá dinnéar lé bheith ina leithéid seo do thig, tig mór a bhí insa bhaile mhór, agus chuala iad á rá go mb’fhearr leo ná rud maith go mbeadh burdán acu.”

Thug sé fén dtig ach go háirithe, agus bhí fear ar an ngeata roimis.

“Ní ligfidh mé isteach anois tú,” arsa é sin, “mara ngeallfaidh tú leathfhiacha dhom.”

“Dhé, mhuisse,” arsa é sin, “ní mór dom féin [na] fiacha ar fad. Is dócha nách mór a gheobhaidh mé air.”

“Ó, gheobhaidh tú rud maith air,” arsa é sin.

Ach nuair a chuaigh sé isteach leis an mburdán, bhí fáiltí geala roimis. D’fhiarthaigh fear an tí dho cad a bhí bhuaidh ar an mburdán.

“Dathad slais,” arsa é sin, “d’fhuip naoi gcórda.”

D’fhéach sé ar na huaisle a bhí timpeall air. B’ait leo¹ é.

“Dhera, cad a dhéanfad?,” arsa é sin.

“Dhera, féadfar naoi gcinn do chórdáí a bhualadh thiar air, agus féadfar a fhiacha a thabhairt do ina theannta. An fear bocht,” arsa iad san, “is amhla atá sé as a cheann.”

“Déanfadsa mo chabhail a nochtadh anois,” arsa é sin, “agus níl ag dul chugamsa ach a leath,” arsa é sin, “tá a leath geallta agam do dhuine eile.”

“Cail an duine eile?” ar seisean.

“Tá sé ansan amuigh ar an ngeata,” arsa é sin, “agus ní ligfeadh sé isteach mise,” arsa é sin,

1 l.s. 'leis'

“mara ngeallfainn leathfhiacha dho.”

Glaodh isteach ar fhear an gheataidh, is ní ligeadh do aon fhocal a labhairt. Fuip an chóiste a fuarthas, agus níor fhulag sé lé puinn di a dh'fháilt. Bhí na haon scread aige. Fuair sé a pháipéar *shipála* ansan bailiú leis, is gan filleadh ar an dtig go brách arís. Is bhí slí dheas aige. Ní raibh aon duine dos na huaisle nár thug síntiús do as an mburdán, agus as an méid sin. Fuaireadar ana-phléisiúir dá fheabhas a tháinig sé as.

292. *An fear a théadh ón Leitriúch go Waterford lé asal*

18.3.45

CBÉ, 968: 195-197

Bhí fear bocht thíos insa Chaisleán fadó. Ní raibh aon tslí bheatha aige, ach cheithre cinn do *tarriers* beaga. Bhíodh sé ag gabháilt do mhadraí rua. Is minic a thagadh sé timpeall anso. Do théadh sé sin go Waterford léna asailín lé coileáin mhadraí rua go dtí an Marquis of Waterford. Do thugadh sé dó¹ nú trí laethanta ina theannta ansan, mar bhíodh sé cortha tréis an bhóthair fhada. Bhí sé lá ag iascach ar an abhainn, agus slat aige, agus na gadhair bheaga in aonacht leis. Ghaibh duine uasal chuige, agus chrom sé ar a bheith ag féachaint air.

“Cad é an tslí bheatha athá agat?” arsa an duine uasal leis.

“Níl aon tslí bheatha agamsa,” arsa Connelly, “ach an méid a chionn tú, na cheithre cinn do ghadhair bheaga agus an tslat iascaigh.”

“Is agat athá an tslí,” arsa é sin, “is fearr chun Dé a bhí age duine riamh.”

“Canathaobh?” arsa Connelly.

“Nuair a chuirfidh tú an tslat san uisce” arsa é sin, “níl aon chuimhneamh agat ar éinní ach cathain a bhéarfaidh breac ort. Nuair a raghair ar an gcnoc, níl aon chuimhneamh agat² ar éinní, ach cathain a bhuailfidh mada rua leat. Is agat athá an tslí is fearr chun Dé athá aige aon duine ar an dtalamh.”

Théadh sé sin go Waterford léna asailín agus úim agus coileáin mhadraí rua istigh ann. Thugadh sé dó nú trí laethanta ansan. Ní bhíodh aon easpa air, is ceannaítí na coileáin go daor bhuaidh, agus líontaí an úim aríst do bhia ag teacht a dheineadh go ceann mí é. 'Mhaith an duine uasal é sin. Bhí an duine uasal san agus beirt driothár, do bhíodar ag fiach, lá. Is iad ag teacht abhaile tráthnóna, do rith a chapall lé duine acu, agus do thug sé fé gheata iarainn. Maraíodh é. Ní fada a bhí sé curtha nuair a chuaigh an bheirt driothár aríst.

“Is ea,” arsa an tarna driotháir, “mise an t-oidhre anois,” arsa é sin, “ach cinniúint a d’fhág

¹ l.s. ‘damha’

² l.s. ‘agam’

agam é. An seans do fuaireas-sa, tabharfaidh mé dhuitse anois é.”

Thug sé fén ngeata iarainn, is do ghlan sí é.

293. *Cleas chun droch-chapall a dhíol*

8.4.45

CBÉ, 968: 353-354

Bhí fear ann fadó, agus bhí capall aige. Níor mhór ab fhiú an capall. Bhí sé i ndealramh maith, ach d'ardaigh sé leis ar an aonach é. Dúirt a athair leis nuair a gheobhadh sé féin chuige, an tríú *offer* a thairrigeodh sé, é a dh'imeacht bhuidh, é a scaoileadh bhuidh ansan má gheobhadh éinne chuige. Ach do bhí sé ar an aonach, agus do bhí daoine ag féachaint ar an gcapall, ach chonaiceadar an *jobbéir* críonna ag gluaiseacht ag siúl, agus é ag féachaint ar an gcapall.

“Is ea mhuisse, údar maith is ea é seo,” arsa iad san le chéile.

Dhein sé ar fhear an chapail, agus d'fhéach sé ar an gcapall. D'fhiarthaigh sé dho cad a bhí bhuidh ar an gcapall.

“An oiread so,” arsa é sin.

Thairrig sé iarracht mhaith dho, ach ní thógfadh fear an chapail é. D'imigh sé bhuidh, agus do dhein sé aríst air, agus do thairrig sé ábhairín eile air. Ní bhfuair. D'imigh sé bhuidh aríst, agus d'fhill sé an tríú huair. Thairrig sé ábhar eile air.

“Féach,” arsa é sin, bhain sé dho an peiribhic a bhí air, “nár chaitheadsa an peiribhic má thugaim éinní dhuit air,” ag bailiú leis bhuidh.

Ní fada ó bhaile a bhí sé nuair a bhí an capall ceannaithe age fear eile, agus an t-airgead tugtha aige dho. Níor mhór an ní ab fhiú an capall.

Nár dheas a dhein sé é.

294. *Scoilb agus scuabadh*

[?].9.45

CBÉ, 977: 419-422

Scoilb sceach a bhíodh anso insan díon. Ní bhídís scoiltithe in aon chor. Chuiridís barra le scian orthu. Bhíodh daoine ag baint sceach fadó, agus á ndíol thíos insan Daingean. Bhí sé ar an gCarraig, fear do mhuintir Shé, agus thugadh sé an gheimhreadh ar fad ag baint sceach. Chaithfidís a bheith glan scriosta aige gan aon dealg orthu, agus iad san a dhíol ar dhá phingin, agus ar trí leathphinginí an céad, agus ligeant don dtuódóir sáithe a dhéanamh dóibh. Do bhí fear dos na Bánaigh anso timpeall. Tomás Bán na Scuab a ghlaoidís air, agus ar scuaba a bhí sé ag maireachtaint. Théadh sé go Cnoc Chathair Scoilbín, agus thugadh sé beart scuaba leis. Bhíodh scuaba breátha i gCnoc Chathair Scoilbín. Bhíodh beairtín miothán ansan aige istoíche, is do dheineadh sé scuaba deasa. Chuireadh sé chuige beart acu, is dh'ardaíodh leis 'on Daingean iad. Pingin is dócha a dh'fhaigheadh sé orthu. Bhíodh trí toir fraoigh, b'fhéidir, iontu, agus trí cinn do mhiotáin casta orthu. Tháinig aimsir ana-thirim, agus dódh Cnoc Chathair Scoilbín. Dúorthas leis go raibh sé dóite. Thug sé an oíche ag gol. Chuaigh sé ag féachaint air lá arna mháireach. Nuair a tháinig sé:

“Is ea,” arsa é sin, “tá beatha bliana fós agam ann.”

Ní raibh aon aithne agamsa air. Ní mór ná go raibh. Ana-fhear rince ab ea é, is ní raibh aon rince aige, ach dúorthas leis, go mb'fhearr do dul ag múineadh rince á ngeobhadh sé aon tig. Dúorthas leis go gcaithfeadh sé dul go dtí an sagart, agus cead a dh'fháilt bhuaidh. Dúirt an sagart leis go ngeobhadh, á ngeobhadh sé tig. Do ghluais sé, is do bhain sé amach Peaidí Connor anso thiar. Dúirt Peaidí leis go dtabharfadh sé féin tig do. Chuaigh sé go dtí an sagart aríst, is dúirt sé leis go raibh an tig fachta aige.

“Tomás, tusáin do chuid rince anois dom,” arsa an sagart.

Dhein sé babhta rince.

“Tomás, téir abhaile mar níl aon rince agat.”

D'imigh Tomás, is chuaigh sé abhaile.

“Is ait an sagart é sin,” arsa é sin, “a dúirt ná raibh aon rince agamsa.”

Deineadh *dismiss* ar an rince. Ní raibh aon tslí eile aige ach na scuaba.

Bhíodh lánú thíos i sráid an tseana-sháipéil sa Daingean. Bhíodar i gCathair Deargáin ina dhia’ san, Seán Walker, agus a bhean. Théidís sin síos ar t[h]aobh an Leitriúigh ag baint scuaba, agus á dtabhairt ’on Daingean leo. Bhí pingíní beaga airgid acu, agus níor dhíon iad a dh’fhágaint istigh sa bhothán a bhí acu, ach bhí seanfhothrach lasmuigh, agus is amhla a chuiridís isteach i bpoll ann iad. Bhí clann Mhicí na gCloch ag lorg neadacha éan lá insa bhfothraigh. Do bhuail an sparán leo, agus thugadar isteach é go dtí an mháthair. Nuair a tháinig an bheirt abhaile, is é an chéad rud a dheineadar dul go dtí an sparán. Ní raibh an sparán le fáilt, is bhíodar ag lógóireacht. Bhain an bhean eile amach iad, is do thug¹ sí dhóibh an sparán. N’fheadair éinne cé atá macánta. Ní chuirfeadh éinne féna dtuairim go dtabharfaidís bhuathu é. Ach tamall maith ina dhia’ san, nuair a thánadar go Cathair Deargáin, Walker agus a bhean, ghaibh sé anso thíos lá Domhnaigh, agus do thairrig sé anuas an scéal. Scéal fíor ab ea é.

¹ l.s. ‘thuig’

295. *Cailín bocht ag díol bascaeidí*

3.12.44

CBÉ, 966: 448-452

Bhí fear bocht ann fadó, agus bhí lán tí leanaí aige, agus do fuair a bhean bás. Bhí sé cráite acu, duine acu ag gol anois, agus duine acu ag gol arís. Thug sé isteach dorn tuigí leis, agus do dhein sé bascaeidí mar bhréagán dos na leanaí. Dhein an bascaeidín ana-shásamh dos na leanaí. Dhein sé lá arna mháireach cúpla ceann eile acu. An gearrchaile críonna a bhí aige, thóg sí léi ceann acu, agus dhein sí suas é lé bláthanna, agus do chuaigh sí 'on mbaile mhór. Ghaibh sí tríd an sráid. Chonaic bean uasal a bhí sa bhaile mhór í. Chuir sí scéala amach chúichi teacht isteach. Tháinig sí isteach, agus d'fhiarthaigh sí dhi cá bhfuair sí an bascaod san. Dúirt sí go raibh lán an tí acu ann, agus gur dhein a hathair ceann acu so mar bhréagán dos na leanaí beaga.

“Ceannóidh mé bhuaite é,” arsa é sin.

“Geobhaidh tú gan éinní bhuaite é,” arsa an gearrchaile.

Fuair sí seana-bhascaed a bhí thíos, agus do líon sí suas é dos gach éinní, arán agus feoil agus té agus siúicre, agus tháinig an gearrchaile abhaile. Scaoil sí amach ar an mbord an méid a bhí facht a aici. Bhí an t-athair go lántsásta. Bhí dóthain na hoíche ansan acu.

“Gach aon lá a thiocfair 'on bhaile mhór,” arsa an bhean uasal, “tair isteach chugham.”

Níorbh fhada go gcuaigh sí aríst ann, agus bascaed eile aici, agus do chuaigh sí go dtí an mbean uasal. Do chuireadh an bhean uasal 'on pharlús í. Bhí cailín aimsire aici, agus bhí sí lán d'éad léi.

“Gach aon lá a thiocfair anois,” arsa í sin, “tair anso isteach.”

Théadh, agus ní scaoileadh sí abhaile folamh í. Bhíodar ag maireachtaint leo go sásta, ach níorbh fhada go raibh sisiúr ag imeacht as fuinneog an pharlúis. Bhí spíonóg ag imeacht. Bhí méaracán ag imeacht. Bhí scian ag imeacht.

“N'fheadar 'on domhan,” arsa an bhean uasal leis an gcailín, “cail siad so ag imeacht?”

“Cá mbeidís ag imeacht,” arsa an cailín, “ach ag an ngearrchaile 'tánn tú a bhreith insa pharlús gach aon lá.”

An chéad lá eile, tháinig an gearrchaile fé dhéin an tí, dúirt sí léi gan teacht isteach in aon chor. D'fhill an gearrchaile, is tháinig sí isteach fuar dealbh an lá san.

“Cad a dh'imigh inniubh ort?” arsa an t-athair.

“Ó, dúirt sí liom gan teacht isteach in aon chor,” arsa í sin.

“Ní déarfadh,” arsa an t-athair, “mara mbeadh gur dheinis rud éigin as an slí uirthi.”

“Níor dheineas, a athair,” arsa í sin.

“Is amhla a ghoidis rud éigint,” arsa í sin.

“Ní hea.”

Níorbh aon chabhair di a bheith á rá leis. Nuair a tháinig an oíche, dhein sé suas na leanaí, agus do bhailimh sé leis. D'fhag sé an áit, agus bhí sé ag imeacht air, ag siúl roimis nó go mbain sé amach baile mór eile, agus shocraigh sé síos i dtigín beag in aice leis an mbaile mór. Thosnaigh sí ar na bascaeidí aríst. Do chuaigh sí 'on bhaile mhór san, agus bascaed déanta suas fé bhláthanna aici, agus do phrioc bean uasal eile suas í, agus bhí an riarú céanna aici á dh'fháilt bhuaithi sin a bhí ón mbean eile. Bhíodar ag déanamh go hana-mhaith. Do thug bean uasal na háite sin cuireadh dinnéir don mbean uasal eile, agus dá fear. Thánadar ar an ndinnéar, agus nuair a bhí an dinnéar ligithe amach, cuireadh ceann dos na bascaeidí ar an mbord. Tháinig dhá shúil dóibh.

“Cá bhfuair abhair an bascaed san?” arsa é sin.

“A leithéid seo,” arsa í sin, “fear bocht athá tagaithe insan áit in aice linn, agus tá gearrchaile ana-dheas aige.”

Tá dearúd déanta agam. Bhí an fear bocht ag imeacht, é fhéin is a chlann. Tháinig oíche gaoithe. Bhí crainn laistiar dá dtig. Ní fágadh nead caróige ná nead préacháin ná nead *magpie* in airde ann gan leagadh. Lá arna mháireach, chuaigh an duine uasal, agus an bhean ag féachaint ar na neadacha. Fuaireadar nead *magpie*, agus gach a raibh imithe as an bparlús bhuathu istigh i nead an *magpie*, spíonóg, siosúr, méaracán, agus an scian. Sin é nuair a bhíodar go brónach cráite, an íde a bhí tugaithe ar an nduine bocht, agus ar a leanaí mar gheall ar an éitheach. Ach nuair a chuadar ar an ndinnéar ansan, chuireadar tuairisc cá bhfuarthas an bascaed.

“A leithéid seo,” arsa an duine uasal, “fear bocht atá tagaithe san áit leis an áirithe sin aimsire.”

“Is fearr liom ná rud maith,” arsa iad san, “a thuairisc a dh'fháilt. Mheasamair gurb amhla a bhí sé marbh.”

D'eachtraíodar do conas mar a bhí. Chuireadar teachtaire ag triall air, agus do tháinig sé chúthu. Do thugadar leo an fear bocht, agus a leanaí, is ní raibh éinne clainne acu fhéin. Thugadar an áit a bhí acu suas do, agus an cailín a dhein an t-éitheach ar fad a chuir ar an ngearrchaile, chinnibh sí mar chailín í.

296. *Cuntas ar shlata agus ar thuigí ó Sheán Mac Criomhthain*¹

[?].1.49

CBÉ, 1150: 553-557

Ní raibh aon tig fadó ná bíodh roinnt tuigí ag fás acu i ngarraithe taobh an tí. Bhainidís na tuigí seo um Shamhain nú aon am as san go dtí lá ‘le Bríde. ‘Sioc’ a thugaid ar an mbun crainn ar a bhfásann na slata so. Is fearrde é an stoc an tslat a ghearradh cóngarach do. Mara ngearrfadh nú an tslat cóngarach don stoc, críonóidh an stoc, agus ceiliúrfaidh sé ar fad ar deireadh. Rud eile, is fearr an tslat a ghearradh glan leis an scian ná smut a ghearradh, agus smut a stracadh. Nuair a bhíonn tuigí le cur, gearrtar na tuigí, timpeall is troigh ar faid. Sáitear fiarsceabha fé fhód iad timpeall is trí troithe óna chéile i ngach sraith. Ní gá aon iomaire a dhéanamh, ach an fód a iompó. Bhíodh cúl an tuige leis an ngréin, is é sin, é a bheith sáite fiarsceabha ó dheas insa chré, agus an ceann in airde dhe a bheith ó thuaidh. Níl aon áit is fearr tuige a chuir ná an áit is lú² fóid mar is ansan is boichte a fhásfaidh sé, agus an tuige is boichte an rogha, mar bíonn sé righin, agus is féidir é lúbadh, agus é a chasadh agus ní bhriseann sé.

Baintear na slata sa gheimhreadh. Muna mbaintear úsáid láithreach astu, cruann siad, agus má bhíonn siad cruaidh, ní mór iad a chuir ar bogadh cúpla lá i séithleán éigint d’fhonn is gurbh fhéidir iad oibriú. Bhí fear i nGallros nuair a bhí Seán Criomhthain óg, agus bhí an cheard go maith aige chun cléibheanna, agus birdeoga a dhéanamh. Gloster ab ea é. Chuir Seán fios air nuair a bhí na tuigí ar bogadh aige. Ní fhéad Gloster teacht, agus scaoil Seán féin fén gcléibh a dhéanamh. Ní raibh aon eolas cruinn aige ar an obair, ach do fuair sé seana-chliabh, agus do scoir sé amach as a chéile í, agus do dhein sé scrúdú uirthi, ags do dhein sé an chliabh nódh á réir sin. Tá cléibheanna agus birdeoga á dhéanamh aige ó shin. Bhí fear éigint ar an gCill ag déanamh cléibhe uair, agus ghaibh fear siúil an treo. Bhí na slata ag cnagadh, agus ag briseadh ar fhear na cléibhe.

¹ “Ní hí caint Sheáin atá anso” a deir an SÓD, ach seanchas a chuala an Dálach ó Sheán Mac Criomhthain le breacadh ar ball, agus is é seo a leanas a deir Seosamh linn mar réamhrá leis an méid atá sa mhír seo ón gcatalóg: “Céardáí maith ar thuigí agus ar shlata is ea Seán féin. Deineann sé birdeoga agus cléibheanna agus úimeacha agus pusacháin do ghamhna as thuigí. As cheisteanna a chuireas air do fuaireas cnósach beag pointí beaga bhuaidh ar na slata so.”

² l.s. ‘lúghadh’

“Á,” arsa an fear siúil, “tabhair an saol don slait” – is é sin gan an tslat a lúbadh róghrod.

Dhein sé ’o réir na cainte, agus níor chnagadar as san amach air.

Úim is deacra a dhéanamh mar caitheann an dá chléibh a bheith ar comhthoirt. Aon fhí a deintear le slata is ceart gach ceann slaite a bheith ar an dtaobh istigh. Má bhíonn ceann na slaite lasmuigh, stracfadh sé do chuid éadaigh nuair a bheir á láimhseáil. Is ceart gach gad a chasadh ar deiseal. Seanfhocal is ea, “nuair a chruann an tslat, is deacair í a lúbadh.”

Bhíodh a lán daoine fadó ag déanamh birdeoga sceach. Ní bhíodh aon tseasamh ionta, mar nuair a chríonnaíodh na sceacha, bhrioscaídís, agus bhrisidís. Is ar bhirdeoig a scagaidís¹ na prátaí fadó, an bhirdeoig a bhualadh ar dtaobh amuigh do dhoras nú í a bhualadh anuas ar bhéal drabhlaigh agus na prátaí agus an t-uisce dramhlaigh, agus na prátaí, agus an t-uisce a dh’iompó isteach inti. D’imíodh an t-uisce tríd an mbirdeoig. Bhí lánú chríonna ar an Muirígh, agus is as an mbirdeoig a d’ithidís na prátaí. Bhuailidís an b[h]irdeog phrátaí beirithe chúthu ar lic an tinteáin, agus do shuídís ar gach taobh di, agus do d’ithidís na prátaí ansan go breá taobh na tine dhóibh fhéin.

Árais tí an-áisiúil is ea birdeoga. Baintear úsáid astu chun a lán cúraimí, ag cnósach prátaí, ag scagadh phrátaí, ag ní prátaí insa tsruthán, fé cheann bó, agus beithígh, nuair a bhíonn *mangels* nú teorniopaí acu á dh’fháil. Ag tarrac mhóna isteach ón gcruaich go dtí an tine. Bíonn birdeog speisialta acu chun spiléar a chur air nuair a bhíonn an baoite air. Birdeog mhaith í seo leis chun prátaí a chnósach, mar níl sí doimhin, agus gluaisíonn na prátaí go cruinn aisti síos ’on mhála. Le miotháin² a deintear pusacháin dos na gamhna. Bíonn gamhain óg ag súrach ar gach rud a bhíonn timpeall air, cuid mhór acu atá ana-dhíobhálach do. Tá tuí féin ana-dhíobhálach do, ach níl féar. Ní leaghann tuí istigh in aon chor age gamhain óg. Ní fhéadann sé aon rud a shúrach ná a dh’ithe nuair a bhíonn pusachán air, agus tá an pusachán slat ana-mhaith go léir chúthu mar gaibheann an ghaoth tríd.

Ní mór anois atá in ann birdeoga agus cléibheanna slat a dhéanamh d’éinne, ach do féin, mara mbronnfadh sé birdeog ar chara leis.

¹ “an t-uisce a scaoileadh dhes na prátaí nuair a bhídís beirithe” – SÓD.

² “slata beaga laga” an míniú a thugann SÓD ar an méid seo.

297. *Cleas an tuíodóra*

[?].8.45

CBÉ, 977: 413

Do bhí fear ar an mbaile seo, agus do bhí an bhean aige – ní bhainfeadh éinní aon chothrom di. Bhí sí comh míneáireach, comh mallaithe, comh neamaitheach. Ach bhí an tuíodóir ag cuir lín ar an dtig. Bhí fear an tí ag féachaint air. Ach nuair a tháinig sé 'dtí paiste áirithe don dtig:

“Féach amach go maith don bpaiste sin,” arsa fear an tí, arsa é sin, “mar féna bhun san a bhíonn ceann Cháit.”

“Á, ná bhíodh eagla ort,” arsa an tuíodóir.

D'imigh sé bhuaidh, ach tréis é a dh'imeacht bhuaidh, do chuir an tuíodóir trí cinn do scoilb ina seasamh díreach as chionn cheann Cháit. Ach an chéad oíche bháistí a tháinig, isteach sa tsúil a fuair Cáit an chéad bhraon, ach bhí braon ar bhraon, agus chaith sí éirí. Ar maidin go moch, d'imigh fear an tí, is do bhain sé amach an tuíodóir, agus nis sé an scéal do gur chaith Cáit éirí ag an mbraon anuas.

“Sin rud nár mhaith liom,” arsa an tuíodóir, “agus is beag a shílíos go dtiocfadh aon bhraon anuas, ach leighisfeadsa é sin aríst,” arsa an tuíodóir.

“É mhuisse, má leighiseann tú,” arsa fear Cháit, tabharfadsa pá lae dhuit, gan éinní ach é a leigheas.”

Fuair an tuíodóir an dréimire, is chuaigh sé go dtí an paiste. Bhí a fhios aige go maith cá raibh an paiste. Do leighis sé é.

“Bhuel, an bhfuil sé leighiste?” arsa fear an tí leis.

“Bhuel,” arsa tuíodóir, “ní thógfaidh mé aon phá bhuaite go dtí go dtiocfaidh oíche bháistí, go mbeidh a fhios againn an mbeidh an braon anuas ar Cháit.”

Ach an chéad oíche eile bháistí a tháinig, níor tháinig aon bhraon ar cheann Cháit.

Bhí leaba againne, agus le téad giúise, bhí sí fite, agus bhí poill tráthair tríd an gcnaiste, agus ionad an tsúgáin gearrtha isteach sa chnaiste ar an dtaobh amuigh sa tslí agus go mbeadh an téad ar chomhrian leis an gcnaiste. Bhí an tón a bhí sa leabaidh scagaithe go maith.

Bhí fear ar an mbaile seo, agus chonaicís an cláirín a bhíodh ar *chanbed*. Chuireadh sé a phíp in airde ann, agus san am san don oíche i gcónaí. Bhraitheadh sé trí chnag á bhaint as an bpíp. Dheineadh sé amach gur duine ón saol eile a dheineadh é.

Ná raibh obair éigin á dhéanamh fadó, agus níl aon duine a ghaibheadh an bóthar ná go dtairrigítí a chuid fola le cuir 'on mairtéal.

Umhlú do phictiúir an rí

Nár chualaís trácht ar an rí a bhí fadó ann, bhí a phictiúir ar thaobh an bhóthair aige, agus an té ná humhlódh do, cuirfaí tóir ina dhiaidh, agus marófaí é. Ach ghaibh beirt an bóthar lá. D'umhlaigh duine acu dho, agus ní dh'umhlaigh an duine eile. Cuireadh tóir ina dhiaidh, agus rugadh air, agus cuireadh i láthair an rí é, agus cén piónós a chuir sé air, tairne scillinge a thiomáint síos trína cheann.

Greim ar earball capaill

Á mbeadh bromach istigh i stábla agat, agus ná ligfeadh sé dhuit breith ar cheann air, níl agat ach breith ar earball air má bhíonn an t-earball fada air, agus an t-earball a chimeád, agus ní fhéadfadh sé tú a bhualadh. Ní fhéadfadh sé tú a bhualadh. Ní fhéadfadh sé an deireadh a thógaint. Beidh sé a

d'iarraidh é a thógaint. Ní fada a bheidh. Tabharfaidh sé suas. Á líonfá ciotal usice, agus é a cheangal d'earball an chapaill, agus é a thiomáint amach sa tsnámh, bháfadh an ciotal uisce é, agus thabharfadh bó tonna *weight* léi ar a hearball.

298. *Triúr dochtúirí gan obair*

[?].7.45

CBÉ, 977: 215-216

Bhí triúr dochtúirí lá ar an mbóthar, agus dúradar nár mhaith an áit é seo. Ní raibh éinne breoite ann.

Arsa duine acu:

“Do bheadh daoine breoite ann á mbeadh aon mhaith ionaibh féin.”

Is amhla a chromadar ar gháirí fé. Ghaibh fear anuas an bóthar.

“An gcíonn sibh é sin anuas anois?” arsa é sin, “déanfadsa breoite é sin anois,” arsa é sin.

Tháinig sé ar an mbóthar féna bhráid.

“Gadé an áit é sin go bhfuileann tú?” arsa é sin.

“Cá mbeinn,” arsa an fear, “ach anso?”

“Cheart duit a bheith ar do leabaidh,” arsa é sin, “tá breoiteacht throm ar iompar agat.”

Chrith an fear, agus chuaigh sé abhaile. Chaith sé a leabaidh a thógaint. Bhí fios ar dhochtúir láithreach aige. Bhí fear ar an mbaile seo, agus á gcífeadh sé fear faid a radhairce bhuaidh, agus haincisiúir ar a cheann. Bhí sé féin cnagaithe. Fear do mhuintir Shúilleabháin. Bhí sé féin is fear eile ag gabháilt aníos lá. Shéid na splancacha. Bhí beirt acu ag siúl i dteannta a chéile. Bhí *sidewhiskers* air. Ghaibh an splanc tharstu, agus do dhóigh sí ceann dos na *sidewhiskers* comh glan is do ghlanfadh an rásúr.

299. *Claí an Bhréagaire agus seanchas eile*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 126-130

Ba chuimhin le m’athair gach aon chlaí a thógaint ar an gcnoc san thuas, ach aon chlaí amháin. Claí an Bhréagaire¹ a ghlaoidís air sin. Suas tríd an mbaile suas a bhí sé, claí cloch. Tá tobar in aice leis an gclaí thuas insa chnoc, agus tá an t-uisce is breátha a dh’ól éinne riamh ann. Níor thiormaigh sé riamh. Chloisinnse m’athair á rá. Bhí sé lá ag baint aitinn, agus tháinig ana-thart air. Chuaigh sé go dtí an dtobar, agus d’ól sé doch as. Tuigeadh do gurb é an deoch is breátha a dh’ól sé riamh é. Dh’ól sé deoch eile, agus chuaigh sé síos go maith leis, agus tháinig sé, agus ghlan sé amach a raibh do níneáil ghorm ann, agus fuair sé scuab, agus scuab sé amach é. Bhí cnapán ar chaol a lámha le fada roimis sin. Bhí a lámh fliuch ó bheith ag glanadh an tobair. Nuair a tháinig sé anuas, bhuaile an pian sa chnapán é, fé mar a buailfaí spré thine anuas air. D’fhan an phian air ag teacht abhaile, agus bhí an pian air ag dul a chodladh an oíche sin, agus ar maidin a bhris an cnapán. Deireadh sé gurb é an tobar a leighis é. Níl aon uair a ghaibheadh sé chuige ina dhia’ san ná glanadh sé amach é. Ón uair deireanach a ghaibheadh an treo, is ar éigean a dh’aithneofa go raibh aon tobar ann. Ní mór gur glanadh ó shin é, ach pé uair a ghlanas féin é, agus féach ná fuil an fear go bhfuil sé ina chuid talún á ghlanadh in aon chor anois.

Dochtúir Crump

Thoir i dTrá Lí a bhí dochtúir Crump. Deiridís ná raibh aon teora leis. Chuaigh fear chuige babhta go raibh a chromán amuigh. D’fhéach Crump ar an “gcromán.” Dúirt sé leis an bhfear síneadh ansan ar an urlár. Chuaigh sé féin síos ’on tseomra. Thug sé tamall thíos ann, tháinig sé aníos agus scian mhór aige. “Anois, a Chrump, a dhiabhail, cad a dhéanfair,” aige, agus é² ag déanamh ar an mbuachaill. Nuair a chonaic an buachaill an fuadar a bhí fé, thug sé aon léim amháin aniar, agus

¹ Is é an claí seo is ábhar do mhír iomlán seanchais in §381 | CBÉ, 977: 245-246.

² Is do Crump a thagraíonn an forainm seo.

phreab sé ina sheasamh. Chuaigh an cromán san áit cheart leis an léim a thug sé. Cheap sé go raibh dochtúir Crump as a cheann. Theastaigh ón ndochtúir an léim sin a bhaint as.

Bean i mbreoiteacht linbh agus an dochtúir

Bhí bean i mbreoiteacht linbh uair. Cuireadh fios ar an ndochtúir. Dochtúir óg ab ea é. Bhí an scéal ag dul ina choinne. Ghlaoigh sé ar a fear, agus thug sé leis amach é.

“Tosnóimíd argóint anois,” arsa an dochtúir, “agus nuair a bheidh an argóint ana-chruaidh eadrainn, rith isteach, agus léim laistigh di sa leabaidh, agus caithfeadsa piléar, agus déanfaidh san maitheas di.”

Thosnaíodar an argóint, agus nuair a bhíodar ana-chruaidh le chéile, an bhean istigh ag éisteach leo, rith an fear isteach, agus chuaigh sé d’aon léim amháin laistigh di sa leabaidh, agus scanradh air. Ní túisce sin ná a chaith an dochtúir an piléar. Ní raibh aon mhoill ar an leanbh. Tháinig an dochtúir isteach.

“Ní raibh éinní eile le déanamh agam” arsa a dúirt sé, “ach geit a bhaint aisti féin, agus as an leanbh. Bhí an leanbh éirithe inti, agus ní saolófaí go deo é go lúifeadh sé.”

Leigheas in im gan salann¹

Chuaigh buachaill go dtí bean leighis fadó. Is dealraiteach go raibh an bhean leighis i bhfad ó bhaile. Dúirt an bhean leighis leis go gcaithfeadh sé fuireach i dtig éigin an oíche sin, agus teacht chúichi ar maidin, ar céalacan. Bhí sé ullamh ar maidin chun dul chúichi, ach bhí cuigeann déanta age bean an tí. Nuair a bhí sé an doras amach, chuir sí a lámh san im, agus dúirt sí leis é a bhlas. Is dócha gur le piseoga é. Níor mhaith leis í a eiteach, agus do bhlais sé é. Chuaigh sé ’dtí bean an leighis.

“Níor tháinís chugham,” arsa í sin, “fé mar a dúirt leat.”

“Thána,” arsa é sin.

¹ Bhí cuntas ar an eachtra seo le fáil in §182 | CBÉ, 936: 413-414 chomh maith.

“Níor tháinís,” arsa í sin, “agus á ndéanfá an rud athá déanta agat anois age baile, níor chall duit teacht chughamsa in aon chor. Ní raibh éinní chun tú a leigheas, ach im gan salann, agus é a thógaint ar céalacan.”

Ribe do chlúmh cait a chuaigh ina bholg, a dúirt sí.

An sagart aosta a fuair paróiste

Bhí sagart ann fadó, agus bhí sé i bhfad gan aon pharóiste d’fháil, ach fuair sé paróiste sa deireadh nuair a bhí sé críonna go maith. Bhuail fear éigin leis ar an mbóthar tamall ina dhia’ san, agus bhí sé ag caint leis.

“Is ea a athair,” arsa é sin, “tánn tú ar do thoil anois. Tá beatha agat féin.”

“Dhé, ní bhfuairéas é,” arsa an sagart, “faid a bhí na fiaccla agam.”

Tobac tréis bídh

Ghaibh *travelléir* isteach ’dtí bean tí babhta. Fuair sé greim bídh ina dteannta féin. Nuair a bhí an bia caite aige:

“Tobac tréis bídh,” a dúirt sé, “is ar bhean an tí a théann san,

gach stróire dá ngeobhadh an tslí,” arsa í sin,

“ba bheag an ní dho é a bheith aige,

agus ar dh’ithis dom chuid bídh,

nimh nimhe go ndeine sé dhuit.”

300. *Fear gan léamh a léigh leabhar*¹

[?].11.46

CBÉ, 982: 14-15

Fear a bhí ann, agus ní raibh aon fhormaid aige le haon duine, ach an té a bhí ábaltha ar léamh. Deireadh sé, éinne ná raibh ábaltha ar léamh, go mb'fhearra dho gan a bheith ar an saol so in aon chor². Do bhí sé lá i mbun bha, agus do thit a chodladh air. Dhein sé snap breá codlata, agus nuair a dhúisigh sé, do bhí uirlisí gach aon cheardaí as a choinnibh amach, agus do bhí leabhar ann. Chualaigh sé scéal mar gheall air roimis sin. Níl aon cheard a bhí roimis amach ab fhearr leis a bheith aige ná a bheith ábalta ar an leabhar a léamh. Rug sé ar an leabhar. Le linn é a bhreith ar an leabhar do, mhúch gach aon uirlis air. D'oscail sé an leabhar, agus ba é sás é a léamh é. Thug sé an lá á léamh. Tháinig sé abhaile tráthnona, agus ba shásta a bhí sé a bheith ábalta ar an leabhar a léamh ná a raibh do stoc aige.

“Féach,” arsa é sin lena mhac, “an leabhar breá a fuairas.”

“Cá bhfios duitse,” arsa an mac, “gadé an saghas leabhair é?”

Thug sé baochas don bhfear in airde ach go háirithe. D'oscail sé an leabhar is do thosnaigh sé ar a bheith á léamh. Bhí an mac ar an dtaobh thiar do. B'fhearr é chun é a léamh ná an mac ar a shon an mac a bheith ina scoláire mhaith.

Nách mór an bua a fuair sé.

¹ Tá leagan níos gaire den mhír seo le fáil in CBÉ, 968: 280-281.

² Ní miste a mheabhrú ag an bpointe seo nach raibh an Criomhthanach féin ábalta ar léamh.

301. *An grafadh*

[?].7.45

CBÉ, 977: 236-240

An grafadh, bhainfaí an croiceann don áit, áit gharbh san Earrach, agus isteach sa tsamhradh. Bainfaí an croiceann do le ramhainne agus le grafáin. An ramhann a shá fén gcroiceann, nú an croiceann a bhaint do leis an ngrafán, agus nuair a gheofaí tirim an croiceann, cnocáin a dhéanamh do, agus é a dhó, b'shin é an leasú a dh'fhaigheadh na prátaí, an luath¹. Chuala-sa m'athair á rá go raibh sé ag cnósach phrátaí óna athair féin, agus chonaic sé an dóiteán bhuaidh. D'fhiarthaigh sé don athair cad a bhíodar san ag déanamh.

“Táid siad ag grafadh,” arsa é sin, “táid siad ag baint an chroicinn don áit sin,” arsa é sin, “agus nuair a bheidh sí tirim, dóifid siad é. Cuirfidh siad prátaí ann, agus beidh prátaí ann níos fearr ná iad so athá againne anois – sa bhliain chéanna.”

‘Chuma cad é an t-am a chuirfaí an uair sin iad. Do chuala gur baineadh prátaí thiar i gCom Dhíneol i gcionn seacht seachtain tréis iad a chur. N’fheadar an grafadh é. “Is fearr cur déanach ná ceannaíocht luath.”

Trinseáltha a bhíodh an iomaire chun coirce an uair sin, agus chun gach aon arbhar. Chífá an rian fós. Bhídís timpeall le feá ar leithead. In ithir a bhíodh an coirce curtha. Rómhartaí an chlais, agus ansan leataí an coirce, agus taoscadh air. Ní dheintaí ach é a chlúdach. Ansan leataí gráinne sa chlais, agus scríobadh beag a thabhairt do.

Bhí prátaí eile ann fadó, agus ana-phrátaí ab ea iad. *White eyes*. Tá gort thuas againne, buailtín na *white eyes*. Bhíodar comh maith san ann, ach do theipeadar i gcaitheamh na mblianta. Bhí táilliúir

¹ Is fiú tagairt a dhéanamh don mhíniú seo a leanas a thug Pádraig Ua Maoileoin ar ‘Grafáí’, baile fearainn i gCorca Dhuibhne: “Bhíodar ag piocadh leo go rabhadar thuas i mbun an Ghrafaidh. Bí an talamh chomh bocht anseo go gcaití an fód a bhaint de gach re bliain le grafán agus nuair a bheadh aon triomach ai, é a dhó, agus é a leathadh thar n-ais arís ar an dtalamh chun leasaithe. Is as sin a fuair sé a ainm, an Grafadh” (Ua Maoileoin, 1978: 16).

ag obair anso againne uair, agus chuaigh sé go dtí an bod¹.

“Is dóigh leis na *white eyes* ná mairimse beo,” arsa é sin, “ach brúfadsa an tsúil age cúil acu fós.”

Fear a ghaibh isteach i dtig lá báistí. Bí bean an tí istigh. Ní fhéadfá seasamh in aon chúinne dhon dtig age braon anuas.

“Nách mór an obair,” arsa an té a ghaibh isteach, “ná cuireann sibh sop dín ar an dtig anso.”

“Thá an lá rófhliuch,” arsa í sin.

“Canathaobh ná cuireann sibh air é nuair a dh’fhaigheann sibh an lá brea,” arsa é sin.

“Ó nuair a bhíonn an lá breá, ní theastaíonn sé in aon chor,” arsa í sin.

“Dein mar sin é, fé mar a dheineadh máthair Sheáin Bháin.”

Bheinnse ansan, agus obair éigin á dhéanamh agam, agus thiocfása, agus déarfá “dein mar seo é.”

Déarfainn le seana-bhlas, “dein mar seo é, fé mar a dheineadh máthair Sheáin Bháin.” Níor dhein sí sin éinní riamh i gceart. N’fheadar cérbh í fhéin.

Bhí bean bhocht ann, agus fuair a fear bás. Ní raibh sí róbhaoch do. Thosnaigh sí ag caoineadh.

“A Sheáin Ó na Rún, do chosa fada buí,

sínte síos ar thaobh an tí.

Ní chreidfinn féin ón rí,

á mbeifeá seacht feá sa chill,

is leac le cúl do chinn,

¹ .i., thosnaigh sé ag caint air.

ná go n-éireofá chugham aníos,
led bhata glas ón gcoill,
á dh'wheeláil as chionn mo chinn,
ral-dal-dé dal-dal di-dal-dal.

Mo ghrá thú agus mo thaisce,
is is minic a thugais domhsa scalladh,
mar gheall ar chuid don olainn gharbh,
a thabhairt do bhaintreach bhocht na leanbh,
agus í ag baint go dlúth led easna,
ral-dal-dé dal-dal di-dal-dal.

Gamhain nú bó a pholladh

Dhá orlach amach ón gcromán clé in aice chnámh an droma a phollfá bó nú gamhain a bheadh ataithe. Á gcuardófá é siúd, bhraithfá an loigín an áit a cheart duit é a pholladh. Is minic a phollas iad. Níor tháinig aon fhuil as ach gaoth. B'fhéidir go gcaithfá í a scaoileadh amach aríst lá arna mháireach. Phollfadh aon rud lá arna mháireach é. Chaithfá an poll a scolladh, agus á mbeadh sé ag fáil leadránach ná beadh sé ag cneasú, é a dhúnadh le céir, céir gréasaí. Do bhabhtálas leis, agus thugas phunt babhta dho¹.

¹ Tugann SÓD athinsint ar an méid seo: “thugas beithíoch do, agus dhá phunt ar an mbeithíoch a thug sé dhom.”

302. *An t-aoire nár nis aon éitheach riamh*¹

3.12.44

CBÉ, 966: 418-422

Chuaigh fear ó Éire fadó go Sasana. Bhí sé fhéin agus fear i Sasana ana-mhór lé chéile. Thugadh sé a lán turais go Sasana. Bhí aoire i mbun caorach age fear na hÉireann. Ní bhfuarthas aon fhocal éithigh riamh ina dhiaidh. Bhí sé ag eachtraí dho fear Shasana air, á mbeadh sé lé crochadh ná neosfadh sé focal éithigh.

“Is ea, do chuirfinn geall go neosfadh sé éitheach leis,” arsa fear Shasana.

“An gcuirfá geall síos?” arsa fear na hÉireann.

“Do chuirfinn,” arsa an fear eile.

“Cuir geall maith síos,” arsa a bhean.

Do chuir sé geall maith síos. Do ghluaisíodar in aonacht lé fear na hÉireann, agus chuir a bhean tuairisc cá raibh an t-aoire i mbun na gcaorach. Stiúraigh sé í. D'imigh sí fé dhéin an aoire a bhí i mbun na gcaorach, agus do bhí scata maith caorach aige, agus caóra dhubh ina measc.

“Tá ana-scata caorach agat,” arsa í sin.

“Tá,” arsa an t-aoire.

“An ndíolfá an chaóra dhubh?” arsa í sin.

“Á, ní dhíolfainn,” arsa an t-aoire.

“B'fhearra dhuit í a dhíol,” arsa í sin.

“Á, ní dhéanfadh,” arsa é sin.

“Tabharfaidh mé an oiread so airgid duit,” arsa í sin.

“Á, pé airgead a gheobhad, ní dhíolfadh an chaóra. Téir go dtím máistir², is b'fhéi' go ndíolfadh sé í,” arsa an t-aoire.

“B'fhearr liom í a cheannach bhuitse,” arsa í sin.

“Ní haon chabhair duit a bheith ag gabháilt dom.”

¹ Tá insint seo Mhic Criomhthain áirithe faoi TIF 889 The Faithful Servant.

² I.s. 'bmaístir' tríd síos.

Bhí cábán ag an aoire, é fhéin. Ní théadh sé go dtí an dtig in aon chor. Théadh sé chun codlata ann.

“Raghaidh mé a chodladh in aonacht leat,” arsa í sin.

Thochais an t-aoire a cheann.

“On diabhal go ndéanfad,” arsa an t-aoire.

Chuaigh sí a chodladh ina theannta. D'imigh sí léithi, agus a chaíora ansan aici. Do bhain sí amach an feirmeoir, agus a fear fhéin. Tréis í a dh'imeacht, bhuail an t-aoire a mhaide ina sheasamh. Chuir sé caipín nó a hata in airde ar an maide. Mhairseáil sé timpeall. Tháinig sé go dtí an maide.

“Is ea,” arsa é sin, “a Jack,” arsa é sin, “an bhfuil na caoirigh ar fad agat?”

“É, táid,” arsa é sin.

“Cail an chaíora dhubh? Ní chím í.”

“N’fheadarsa cá n-imigh sí!”

“A Jack, nis an fhírinne.”

Ghaibh sé timpeall aríst, is tháinig sé.

“A Jack, tá sé comh maith agat an fhírinne a dh'insint, mar níl éinní is fearr ná í.”

“Dhera a mháistir, do ghaibh bean uasal ansan chugham aréir. Bhí sé ag iarraidh go ndíolfainn an chaíora dhubh léi. Dúrt ná díolfainn. Dúrt léi dul go dtím máistir, go mb'fhéidir go ndíolfadh sé an chaíora dhubh léi. B'fhearr liom í a cheannach bhuaitse, arsa í sin. Ní fhéadfair í a cheannach bhuamsa. Tabharfaidh mé aon airgead duit. Ní haon chabhair duit é. Raghaidh mé a chodladh in aonacht leat, arsa í sin. Táim sásta¹ arsa mise.”

“Maith an buachaill, Jack. Níl éinní is fearr ná an fhírinne.”

Do tháinig an máistir, agus do tháinig an duine uasal. Níor tháinig a bhean in aon chor.

“Is ea, Jack, an bhfuil na caoirigh ar fad agat?”

“Táid, a mháistir, ach an chaíora dhubh.”

“Ní chím an chaíora dhubh,” arsa an máistir.

“Níl sí ann,” arsa é sin.

1 l.s. 'shásta'

“Cár ghaibh sí?”

“A leithéid seo. Do ghaibh bean uasal anso aréir chugham,” arsa é sin, “bhí sí ag iarraidh go ndíolfainn an chaíora dhubh léi. Dúrt ná díolfainn an chaíora dhubh, ná raibh aon bhaint agam léi, ach ligeant di dul chughatsa má bhí aon dúil aici insa chaíora. Dúirt sí liom go mb'fhearr léi an chaíora a dh'fháilt uaim fhéin. Thairrig sí mórán airgid dom ar an gcaíora. Níorbh aon chabhair di é. Raghaidh mé a chodladh id theannta, arsa í sin. 'On diabhal gur bhreab sí mé,” arsa Jack, “agus chuaigh sí a chodladh im theannta, agus deinse mise a chrochadh anois más maith leat. Sin í an fhírinne anois agat.”

“Is maith an buachaill [tú] Jack,” arsa an máistir, “ní bhfuairéas riamh bhuaite ach é. Tá súil agam go raghaidh cuid dod *breed* go Sasana. Ní haon díobháil é.”

303. *Beir chughat a ghabhair bháin*¹

25.3.45

CBÉ, 968: 283-284

Bhí feirmeoir ann, thá tamall ó shin, agus chuaigh sé go Corcaigh lé im. Bhí cúig nú sé fheircíní ime aige. Bhí feircín acu déanta fé ghabhair² aige, ach nuair a bhí an tráthar á chuir i bhfeircín an ghabhair, bhí an t-eagla air gurb amhla a raghadh fíneáil air.

“Beir chughat a ghabhair bháin,” arsa é sin.

Nuair a bhí an feircín trátháltha:

“Cad dúirís?” arsa ceannaitheoir an ime.

“Fé ghabhair a dheineas an feircín sin,” arsa é sin.

“Á n-éisteofá do bhéal,” arsa é sin, “gheobhadh an feircín seo *top prize*, ach go deimhin, ní chuirfidh mé na gabhair go deo as chionn na bó.”

Bhí fear eile ann, agus do chuaigh sé le cúpla feircín á dhíol, agus nuair a trátharáladh ceann acu, níor chuaigh an tráthar thairis an áirithe sin. Do stropáladh an feircín, agus is é an rud a fuairtheas thíos i dtóin an fheircín, bríste córda, bríste nódh córda. Do féachadh ar f[h]ear an ime.

“Is ea,” arsa é sin, “ná labhraídh aon fhocal, ach crochaídh mise mara bhfuil bille chúig bpunt ina phóca. Do bhriseas an tig,” arsa é sin, “á lorg san.”

¹ Roghnaíodh an leagan seo thar ceann an leagáin eile a bhí tras-scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh, c.f. CBÉ, 936: 570-571.

² [sic] tríd síos

304. *Fear bainte an fhéir agus an leanbh*

[?].11.44

CBÉ, 966: 55-56

Chualaís mar gheall air siúd a bhí ag baint fhéir lé meaisín? Dá gcífeadh sé éan a bheadh ag *wheeláil* i bpaiste don móinéar, stopfadh sé an meaisín, agus chuirfeadh sé comhartha ar an áit lé heagla gur nead a bheadh aige ann. Ach bhí sé aon lá amháin ag gearradh, agus chonaic sé an t-éan ar tiomáint, agus murdal an domhain aici. Níor chualaigh sé a leithéid do thiomáint age aon éan riamh. Bhíodh dorn tuigí aige chun tuige a chuir ina sheasamh san áit go mbeadh an nead nuair a gheobhadh sé chuige. Ach chuaigh sé fé dhéin an phaiste, agus cad a bhí ann ach leanbh leis féin, is é ina chodladh sa bhféar. Nách deas a shábháil an t-éan é. Is mairg ná bíonn go maith. Deir siad nár chuaigh aon mhaith amú ar éinne riamh.

305. *Gamhna breaca mar thuarastal*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 477-478

Nách deas an buachaill a chuaigh in aimsir 'dtí feirmeoir, agus ní bhíodh aon spota in aon ghamhain leis. Is é an margadh a dhein an buachaill leis pé méid gamhna breaca a bheadh ag an bhfeirmeoir san athbhliain é a thabhairt do. Bhí an feirmeoir lán d'áthas mar ní raibh aon g[h]amhain breac age aon bhó leis riamh. An buachaill a bhí timpeall na mba i gcónaí, is nuair a bhíodh ceann acu á dháir, bhíodh ceathair nú chúig do mhaidí aige, agus bhíodh paistí curtha sa maidí aige, an croiceann bainte do phaistí do gach maide aige, agus chuireadh sé ina seasamh iad as choinne na bó amach nuair a bhíodh sí á dháir. An bhliain a bhí chughainn, gamhna breaca ar fad a bhí ag an bhfeirmeoir. Nár mhór an dul amach é. Is dócha gur chreach sé an feirmeoir.

306. *Lánú gan chlann chuig an tsaoil*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 471-473

Is mór an scanradh lánú chuig an tsaoil ná bíonn éinne clainne acu. Bhí sé anso theas i Rinn Chonaill, Bowler, agus bhí Rinn Chonaill ar fad aige, ach cuid an Mhairtínigh. Níl aon Domhnach ná tagadh sé anso thíos go dtí an aifreann. Ghaibheadh sé isteach chughainne formhór gach aon Domhnach. Bhíodh buachaill aimsire á chimeád i gcónaí aige, ach ní fada a dh'fhanadh aon bhuachaill aige.

“An lá ná tabharfadsa obair duitse,” a dúirt sé leis, “tabharfaidh mé ceathrú chaorach rósta dhuit.”

An lá a bheadh se féin ag dul 'on Daingean, chuireadh sé míle cúram ar an mbuachaill. Ní bheadh aon tseans go mbeidís déanta aige, már ná féadfadh sé é a dhéanamh. Ní dh'fhanadh aon bhuachaill aige mar gheall air sin, ach aon bhuachaill amháin. “*Alright*,” a deireadh sé sin leis. Ní dheineadh sé ach síneadh siar do féin nuair a dh'imíodh Bowler 'on Daingean, mar ní bhíodh aon chuimhneamh age Bowler lá arna mháireach air, mar bhíodh a dhóthain ólta aige ag teacht abhaile, agus ní dh'éiríodh sé go dtí lár an lae lá arna mháireach.

Bhailíodh sé meitheal nuair a bhíodh coirce le baint aige. Ghaibh sé anso thíos 'dtína seana-thig lá Domhnaigh ag lorg m'athar. Níor mhaith leis é a dh'eiteach. Tréis é a dh'imeacht:

“On diabhal,” arsa é sin, “nuair ná fuil éinne eile 'on mbaile ag dul ann go bhfuil ana-leisce orm,”

Mara mbeadh an g[h]ealach ann, ní stadfadh sé 'dtína dódhéag a chlog.

“Mise a raghaidh amáireach ann,” arsa driotháir a bhí aige.

Chuaigh sé in airde ar an gcúl-lochta. Bhíodh caid i gcónaí aige. Do leag sé anuas an c[h]aid, agus an lonnán, agus do bhog sé go breá iad. Bhuail sé ina phóca iad, agus do chuir do ar maidin. Ach níor mhór duit lón maith a dh'ithe ar maidin ag imeacht duit, mar bheadh sé ag déanamh ar a trí a chlog seara bhfaighfeá aon dinnéar. Do bhí ana-mheitheal aige. Thíos ag an nDroichead Bán a

bhíodar ag baint choirce, ach bhí cuid acu silthe sara gcuaigh aon dinnéar chúthu. Is amhla a thugadh dinnéar chúthu, ach an méid a d'ith m'uncailse, d'ith sé go tapaidh é, agus do chuaigh sé thar claí. Do líon sé an chaid, is nuair a bhí sí lán aige, do bhuail sé poc uirthi. Ní raibh aon duine sa mheithil ná go raibh i ndeabhaidh na caide, Mám an Lochaigh ó thuaidh 'dtí gur bhaineadar Paróiste Múrach amach. Ní raibh neach sa ghort aige tráthnóna. Ach do bhuail sé chúthu De Domhnaigh a bhí chúthu anso thíos. Mhair m'athair críonna an uair sin.

“Is ea, a Pheaidí Criomhthain,” arsa é sin, “thána ag gearán an diabhail inniubh leat. Táim ón dtig aige.”

307. *Mac Uí Shúilleabháin Uíbh Ráthaigh i dTiobrad Ára*

8.12.44

CBÉ, 967: 499-503

Bhí buachaill ó Uíbh Ráthach fadó ann, buachaill do mhuintir Shúilleabháin. Ardfhear ab ea é.

D'imigh sé síos chun Tiobrad Ára ag baint prátaí, agus nuair a bhí na prátaí bainte:

“B'fhearra dhuit fanacht anois agam,” arsa é sin, “ag bualadh an choirce.”

“Fanfaidh mé,” arsa an buachaill.

“Caithfidh mé páirtí a dh'fháil duit,” arsa é sin.

“Ní gá dhuit é,” arsa an buachaill. “Déanfaidh an seandúine beag mé,” lé seandúine beag críonna a bhí sa tig.

“Ní dhéanfaidh an seandúine beag in aon chor tú,” arsa an máistir, “obair seachtaine atá ann lé fear maith a bheith id theannta¹, agus ní dhéanfa an bheart in aon chor leis an seandúine beag san.”

“Má dheinimid seachtain é,” arsa Mac Uí Shúilleabháin, “an mbeidh tú sásta?”

“Beidh mé,” arsa é sin.

Ghluais sé é fhéin, agus an seandúine ag bualadh an choirce. D'imigh an feirmeoir, agus an bhean, agus bhí dhá chliamhain acu. Thugadar lá i dteannta gach aon chliamhain acu. Trí lá a bhíodar amuigh. Bhí an seandúine, agus Mac Uí Shúilleabháin ag bualadh go tiubh. Bhí iníon a bhí ag an bhfeirmeoir, bhí sí ana-mhór timpeall ar Shúilleabháin. Bhí sé ag imirt cheaintíní air istigh sa scioból.

“Ní thabharfaínn cnaipe ort,” arsa an seandúine.

“Canathaobh?” arsa é sin.

“Dhé, an tslí athá sí sin timpeall ort. Níl aon mhaith ionat.”

Is ea, is cuma é. Thit rud éigint amach ach go háirithe. Ach nuair a tháinig an feirmeoir agus a bhean abhaile, bris ar fad ab ea an iothla. Tháinig dhá shúil do. Bhí sé buailthe trí lá acu. Bhí uafás

¹ l.s. “i teannta”

air. Chuaigh sé 'on scioból féachaint an raibh puinn gráinne ag baint as. Ní raibh oiread gráinne riamh roimis sin aige.

“Tá an-obair déanta agaibh,” arsa é sin, “tá an oiread chéanna lé bualadh ages na héinne dhom dhá chliamhain. Geobhaidh sibh pá seachtaine, agus geobhaidh sibh pá seachtaine bhuamsa as an méid athá déanta agaibh.”

Chuadar go dtí duine dhos na cleamhnaithe lá arna mháireach, agus do bhuaileadar a chuid coirce, agus chuadar ina dhia' san go dtí an bhfear eile, agus do bhuaileadar a choirce. Thánadar abhaile ansan go dtí tig an fheirmeora aríst, agus lá arna mháireach, bhí Mac Uí Shúilleabháin chun gluaiseacht abhaile. Bhí a chuid éadaigh curtha isteach i mála aige. Do rug iníon an fheirmeora ar an mála, agus do chaith sí in airde ar an locht é.

“Cad 'tá déanta agat?” arsa an feirmeoir léi.

“N'fheadarsa cá bhfaighinn é seo.” arsa an feirmeoir léi, “nuair a theastódh sé bhuam.”

“Dhera, a bhlaigeard, más mar sin athá déanta agat,” arsa an feirmeoir, ag breith ar a mhaide.

“Glac bog í,” arsa Mac Uí Shúilleabháin, “faigh ullamh tú féin,” arsa é sin, “agus téanam. Ní bheidh aon bheann agat ar éinne.”

Bhailíodar leo. Ní fada a bhíodar.

“Beidh tú go hainnis anois,” arsa a bhean leis an bhfeirmeoir, “agus b'fhearr duit glooch aríst orthu, agus iad a chinneáilt i bhfeirm buachaill aimsire, agus cailín aimsire.”

Dhein sé rud uirthi. Ghlaoigh sé aríst orthu. Dhein sé margadh leo go dtóg sé ina mbuachaill is ina gcailín iad. Bhíodar sásta leis. Ach fé cheann tamaill, do bhí aonach lé bheith ann. Do chuaigh an feirmeoir, agus an bhean ar an aonach, agus siar sa lá, do chrom iníon ar ghol.

“Cad é an gol athá ort?” arsa Mac Uí Shúilleabháin.

“Is breá an lá athá agem dhá dhriofúr inniubh,” arsa í sin, “ar an aonach, agus do bheadh an saol céanna agam sa mara mbeadh mo dhíthchéille fhéin.”

“Ná bíodh san lé rá agat,” arsa é sin, “buail ort do chuid éadaigh.”

Bhí capall ar stábla ag an bhfeirmeoir. Do bhuail sé srian agus iallait ar an gcapall, agus dúirt sé léi teacht ar a chúlaibh. Do chuaigh, agus d'imíodar fé dhéin an aonaigh. Iad ag déanamh ar an aonach, do liúigh sí.

“Á, a thiarna,” arsa í sin, “bhí bruíon istigh ar an aonach, sid é a scread m'athair. Is baolach go bhfuil sé marbh.”

“Tair anuas,” arsa é sin.

Thiomáin sé leis isteach ar an aonach, agus bhí fear istigh i gcúinne an aonaigh ag díol feacaibh ramhainne. Cheannaigh sé ceann dos na feacaibh bhuidh. Dúirt sé leis an capall a chinneáil go fóill do. Dhein sé fé dhéin na bruíne, agus bhí fear ag síneadh anso aige, agus fear ag síneadh ansúd aige. Is amhla a bhailimh *mob* ar an bhfeirmeoir, agus ar an dá chliamhain, agus ní mór ná go rabhadar marbh. Bhí Mac Uí Shúilleabháin á dtreascart, agus i gcionn deich neoimintí, ní raibh duine acu lé fáilt ar pháirc an aonaigh. Bhí an feirmeoir agus an dá chliamhain go brúite tinn, éinní ach a rá go dtugadar an t-anam leo. Thánadar amach 'on bhaile mhór ansan. Thug na héinne dhon dá chliamhain roinnt mhaith airgid do M[h]ac Uí Shúilleabháin, agus sara bhfág an feirmeoir an baile mór, do thug sé a chuid don tsaol do, agus iníon lé pósadh, agus do mhaireadar go lánsásta as san amach.

308. *Marú duine ar fhear siúil*

[?].3.49

CBÉ, 1151: 262-263

Ghaibh fear siúil isteach 'dtí thig thiar anso fadó, agus loirg sé lóistín na hoíche. Dúradh leis go bhfaigheadh agus fáilte. D'fhan sé ann an oíche sin. Bhí muintir an tí ana-ghnóthach ag ullmhú i gcomhair meitheal mhóna a bhí le bheith acu amáireach. Nuair a tháinig an mhaidean, do chruinnigh an¹ mheitheal, ach bhíodar fear gearra. Chuaigh fear an tí go dtí an bhfear siúil.

“An bhféadfá an lá inniubh a thabhairt dom ag baint na móna,” arsa é sin, “táimid fear gearra, agus dhéanfá ana-mhaitheas dhóibh.”

“Raghad in aonacht leat,” arsa é sin.

D'imigh sé in aonacht leo, agus chuadar ar an bportach. Bhí sé ag caitheamh aníos, agus ag obair leis. Is gearr go bhfuair sé ruchar. Níor chuir sé aon nath ann, agus i gcionn tamaill, buaileadh aríst é. Bhí ruchair á chaitheamh air. Bhí a shúil aige ar éinne amháin i gcónaí. Tháinig aimsir dinnéir, agus nuair a bhí an bia ite acu, do chrom an fear siúil ar a bhróga a bhaint do.

“Táim beirithe acu,” arsa é sin, “is fearr a dh'oibreod cosnochtaithe.”

Nuair a chuadar ag obair aríst, d'fhan sé ar barra ag leathadh na móna. Bhí a shúil ar an bhfear so i gcónaí aige. Buaileadh le ruchar eile é. Níor dhein sé ach déanamh air, agus an píce a chuir ó thaobh taobh tríd. Rug sé ar a bhróga, agus do chuir do sa tsiúl. Ní fheacathars as san amach é. Ní raibh an saol atá anois ann an uair sin. Níor rugadh in aon chor air. Thit sé sin amach thiar i bParóiste an Fheirtéaraigh.

¹ l.s. 'ach'

309. *Feirmeoir ná fanadh aon bhuachaill aige*

7.1.45

CBÉ, 967: 273-276

Bhí feirmeoir fadó ann, agus ní dh'fhanadh aon bhuachaill aimsire aige, agus é ag tástáil go dóite bhuaidh. Ní thugadh aon bhuachaill an tarna lá aige. D'éirigh sé as a bheith ag lorg aon bhuachaill sa deireadh. Ach bhí buachaill san áit, agus dúirt sé go gcuirfeadh sé geall go dtabharfadh sé fhéin aimsir do. Dúrtas leis ná tabharfadh, agus gan a bheith ag cor a chos ag dul chuige.

“Raghaidh mé,” arsa é sin.

Do chuaigh. Nuair a tháinig sé isteach go tig an fheirmeora, do bheannaigh sé, agus do bheannaigh an feirmeoir do.

“A leithéid seo a thug mé,” arsa é sin, “chuala go dteastódh buachaill aimsire bhuit.”

“Táim éirithe as a bheith ag lorg aon bhuachaill aimsire,” arsa an feirmeoir, “mar ní thugann aon bhuachaill an tarna lá agam, pé rud athá orthu.”

“Bhuel, déanfadsa margadh leat,” arsa an buachaill, “an bhfaighidh mé dul a chodladh tréis mo shuipéar?”

Bhíodh an suipéar déanach san am san. Bhíodh sé a deich a chlog agus a haon déag a chlog nuair a bhíodh prátaí beirithe acu. Ar maidin nuair a d'éirigh sé, théidís ag obair an uair sin roim bricfeast. Chuaigh sé ag obair 'on ghort. D'imigh an feirmeoir i dtaobh éigint, agus do ghlaoigh an bhean isteach chun bricfeast ar an mbuachaill. D'ith sé an bricfeast. Níor mhór é an bricfeast.

“Trom mo dhinnéar,” arsa é sin.

“Cad a dhéanfaidh mé aimsir dinnéir?” arsa an mháistreás.

“Nách cuma dhuit,” arsa é sin.

Fuair sé an dinnéar, agus d'ith. Ní raibh a dhóthain ann.

“Trom mo shuipéar,” arsa é sin.

“Ní bhfaighfir,” arsa í sin, “cad a dhéanfa aimsir suipéar?”

“Nách cuma dhuit,” arsa é sin.

Bhí sé ag gabháilt di go dtug sí an suipéar do. D'ith sé é. Bhí sásamh beag déanta ag an méid sin air, is ní mór é. Chaith sé dho a bhróga, is do chuaigh a chodladh. Bhí buile ar an gcat, agus buile ar an madra aici, í ag pramsáil ar fuaid an tí nó gur tháinig an fear abhaile. Ní fheaca sé an buachaill sa ghort.

“Tá go breá,” arsa é sin, “níor thug sé an lá ar fad in aon chor dom.”

Nuair a tháinig sé isteach:

“Cá bhfuil an buachaill?” arsa é sin.

“Is deas an buachaill a thógais,” arsa í sin, “chuaigh sé a chodladh tréis a chuid bídh a dh'ithe.”

“B'fhéi' gur rud éiginteach athá air,” arsa an máistir.

“Ní dóigh liom é,” arsa í sin

Do chuaigh an máistir go dtí an leabaidh chuige.

“Ab éinní athá ort?” arsa é sin.

“Ní hea a mháistir,” arsa é sin.

“Agus canathaobh gur chuais 'on leabaidh?”

Nách shid é an margadh a dheineas leat,” arsa an buachaill, “dul a chodladh tréis suipéar.”

“Ar ndóthair, is fada fós ó aimsir suipéar é,” arsa an máistir.

“Do dh'itheas mo bhriceast,” arsa é sin, “agus do dh'itheas mo dhinnéar, agus do dh'itheas mo shuipéar, agus dhein an suipéar sásamh beag orm, ach ní rabhas sásta ar fad¹.”

Rug an máistir ar láimh air.

“Éirigh amach as san,” arsa é sin, “níor nis éinne fós an fhírinne dhom go dtí tusa.”

Do tháinig sé 'on chistin.

“A dhiabhail,” arsa é sin léna bhean, “táim briste agat. Sin é mar 'tánn tusa ag obair lé fada.

Faighimse deireadh leis an obair seo. Cuir bia anso ar an mbord, agus bíodh bia spártha

¹ c.f. ATU 1561 'Three Meals in a Row' mar a bhfuil an iontráil seo a leanas: “(previously The Lazy Boy Eats Breakfast, Dinner, and Supper One after the Other). A foolish farmhand (servant) refuses to work while he is hungry. He eats all three meals of the day one after another, and then he goes to sleep [W111.2.6]”.

feasta aríst ag an mbuachaill.”

Chuir sé an bia ar an mbord. Do thug an buachaill a shaol aige, agus iad go dianbhaoch dá chéile.

B'shin é an buachaill.

310. *Saibhreas sé horla fén gcré*

8.4.45

CBÉ, 968: 367-368

Bhí feirmeoir fadó ann. Bhí feirm mhaith thalún aige. Bhí ceathrar mac aige, agus níorbh fhonn leo aon phioc oibre a dhéanamh. Bhí a chroí cráite acu, a chroí briste acu, bhíodar comh díomhaoín sin. Ach nuair a bhí sé breoite, é tugtha suas chun báis, bhí amhras mór airgid acu air. Do chuadar go dtí an leabaidh chuige, agus d'fhiarthaíodar do cá raibh an t-airgead. Dúirt sé leo go raibh sé sé horla fé cré na talún¹, agus ligeant dóibh é a chuardach. Cailleadh é. Ní fada a bhí sé curtha nuair a fuairadar feidhre capall, agus seo ag treabhadh iad. Talamh ná cuirfidís fhéin in aon chor. Bhíodar ag treabhadh leo, agus iad á thomhas nú go raibh barra dearg tugtha ar an dtalamh go léir. Níor bhuaíl aon phingin airgid leo. B'éigean dóibh cuirneacht, coirce a chur sa talamh ansan, agus san athbhliain, do dheineadar saibhreas don talamh. Sin é nuair a thuigeadar comhairle an athar, go raibh sé sa talamh dá mbainfidist as é, ach go raibh an díomhaoineas rómhór ag gabháilt dóibh.

¹ l.s. "fén gcré na talún."

311. *An gabha a bhris an leathchoróin*¹

26.11.44

CBÉ, 966: 313-316

Bhí fear ann fadó. Ana-ghaiscíoch fíor ab ea é. Bhí sé lán d'airgead, agus dhein se suas timpeall lé fiche punt lá, agus chuir sé isteach i sparán é.

“Baileoidh mé liom anois,” arsa é sin, “agus beidh me ag imeacht riamh is choíche,” arsa é sin, “agus má bhuaileann fear liom is fearr ná mé féin, geobhaidh se an méid seo.”

Bhí sé ag imeacht. Bhí sé ag cuir tuairisc cá raibh aon fhear maith, agus stiúraíodh é ar ghabha a bhí tamall maith ó bhaile. Bhí sé ag imeacht go mbain sé amach ceártain an ghabha. Tháinig sé amach² ag an bhfuinneog, is é ar marcaíocht ar a chapall.

“An mbeadh éinní ansan,” arsa é sin, “a dheargódh³ an phíp dom?”

Do rug an gabha ar spré, agus bhuail sé in airde ar an inneoin⁴ é, agus rug sé ar ghob na hinneonach, agus shin sé amach tríd an bhfuinneog é. Do rug fear an chapail thiar ar an inneoin, agus do bhuail sé insa phíp síos an tine, agus shin sé chuige an inneoin aríst. Bhuail sé istigh í.

“Tá crú óm chapall,” arsa é sin, “an bhfuil aon chruite⁵ déanta agat?”

“Tá,” arsa an gabha.

Thug sé amach crú.

“N’fheadar an ndéanfadh se é.”

“Teasáin í,” arsa é sin.

Rug sé ar an gcrú, agus dhein sé dhá leath dhi.

“Níl aon mhaith inti seo,” arsa é sin.

Thug sé amach crú eile, agus do rug sé uirthi, agus do dhein sé dhá leath dhi.

¹ Is é an leagan seo den scéal atá mar an scéal deireanach ar fad in *Folktales of Ireland*, ‘The Blacksmith and the Horseman’ mar theideal air (Ó Súilleabháin, 1999: 253-254), agus an nóta seo le fáil ina thaobh ann: “Seán had heard the story from his father. The blacksmith held a unique place in Irish social life in earlier times. His magical and curative powers derived from the metal which he used for his craft. His curse was feared by all. Many stories were told in Ireland to also illustrate his physical strength. Motif: M1562, ‘Test of strength’” (ibid: 287).

² l.s. ‘mu’

³ l.s. ‘dhearacóch’

⁴ l.s. ‘niúin’ tríd síos, agus ‘iniúnach’ mar fhoirm ghinideach ag freagairt dó.

⁵ .i., ‘crúite’, agus an fhoirm gan an síneadh fada tríd síos aige.

“Níl aon mhaith inti seo,” arsa é sin, “tabhair amach ceann eile.”

“Ní haon chabhair mé á dtabhairt amach chughat,” arsa an gabha.

“Is ea, tástáil ceann eile a thabhairt amach,” arsa é sin.

Thug sé amach ceann eile. D’fhéach an duine uasal uirthi.

“Déanfaidh sí seo an gnó,” arsa é sin.

Chuir sé fén gcapall í, agus nuair a bhí sí ag tiomáint fén gcapall aige:

“An mór é?” arsa an stróinseir leis an ngabha.

“Leathchoróin,” arsa an gabha.

Shín sé leathchoróin chuige. Rug sé ar a leathchoróin, is dhein sé dhá leath dhi.

“Níl aon mhaith inti seo,” arsa an gabha.

Thug sé ceann eile dho. Dhein sé dhá leat dhi.

“Níl aon mhaith inti seo,” arsa é sin, “trom ceann eile.”

“Ní haon chabhair dom a bheith á dtabhairt duit,” arsa an duine uasal.

“Á, tástáil ceann eile,” arsa é sin.

Thug sé ceann eile dho.

“Déanfaidh sé seo an gnó,” arsa é sin.

Thairrig sé amach an sparán ansan.

“Seo,” arsa é sin, “is é do chuid é,” arsa é sin, “mar is fearr d’fhear tusa ná mise. Bhí ana-ghreim ar dhá leath a dhéanamh dos na cruite, ach ní raibh aon ghreim ar an leathchoróin chun dhá leath a dhéanamh di.”

An gcualáis cheana é sin?

312. *Crú ó Shasana ag Lord Ventry*

[?].8.45

CBÉ, 977: 411-412

Is fadó a chuaigh Lord Ventry go Sasana, agus bhí sé ag dul 'dtí gabha Barry i gcónaí. Ach thug sé crú ó Shasana leis, 'dhóigh leat gurb airgead í. Thug sé isteach 'dtí gabha Barry í. Do thug sé tamall ag féachaint ar an gcrú.

“An bhfágfair agam í?” arsa an gabha.

“Nách chun í a dh'fhágaint agat a thugas liom í,” arsa an tiarna.

Chroch sé in airde í. Lá arna mháireach nú lá arna mhanathar, do ghaibh an seana-thiarna isteach aríst chuige.

“An aithneofá do chrú?” arsa é sin leis an dtiarna.

“Canathaobh ná haithneoinn í?” arsa é sin.

D'imigh sé bhuidh is thug sé chuige dhá chrú. Shín sé chuige iad.

“Ciacu acu san do chrú?” arsa é sin.

Ní fhéadfadh an tiarna a dhéanamh amach ciacu crú a bhí déanta age Barry fhéin. Ana-ghabha ab ea Barry.

313. *Seana-ghlais bhriste, agus brioscghlais bhreoite*

18.2.45

CBÉ, 967: 527-528

Bhí feirmeoir fadó ann, agus do chuir sé buachaill a bhí aige 'on cheártain lé seana-ghlais a bhí briste. Thug sé isteach 'on cheártain iad.

“Cuir mo mháistir anso mé,” arsa é sin, “go ndéanfa iad san a dheisiú.”

Do rug sé orthu. Chaith sé bhuaidh faid a ruchair iad.

“Seana-ghlais bhriste,” arsa é sin, “agus brioscghlais bhreoite.”

Do tháinig an buachaill abhaile aríst, is na glais aige. Dúirt sé leis an máistir an chaint a dúirt sé.

“Imigh amáireach aríst,” arsa an máistir.

D'imigh sé amáireach aríst, agus do rug an gabha orthu.

“Seana-ghlais bhriste,” arsa e sin, “agus brioscghlais bhreoite,” á gcaitheamh bhuaidh.

Tháinig an buachaill aríst leo.

“Níor deisíodh iad.”

D'imigh an máistir é fhéin lá arna mháireach, agus na glais aige. Rug an gabha orthu. Níorbh fhada bhuathu tig an óil.

“Seana-ghlais bhriste,” arsa é sin, “agus brioscghlais bhreoite.”

“Déin, agus deisigh,” arsa an feirmeoir, “agus fliuchfad do scornach.”

“Ana-mhaith,” arsa é sin.

Rug sé ar na glais. Dheisigh sé iad. Fuair sé a dhóthain dí lé n-ól ansan. Nár dheas a dhein sé é.

314. *Máthair céile agus bean mhic ar an gCill*¹

18.3.45

CBÉ, 968: 211-212

Bhí bean ar an mbaile seo fadó, agus bhí bean mhic aici. Bhí an bhean mhic go hana-mhaith, ach ní raibh blas ná dath age máthair na céile uirthi. Bhí cuid mhaith daoine² istigh lá, is bhí sí³ ag obair ar fuaid an tí. Nuair a bhíodh éinne istigh, sin é an uair is mó a bhíodh obair ar siúl aici. Ach dúirt duine éigint: “is diabhal an bhean oibre thú.”

Seo ar fuaid an tí í:

“Sin í lámh na hoibre. Sin í lámh na hoibre.”

Dhé, cad é tiomáint a bhí uirthi. Theip a lámh uirthi, sa slí is ná féadfadh sí cor a chuir don láimh faid is a m[h]air sí.

¹ c.f. CBÉ, 621:129 agus CBÉ, 1490: 649-651 mar a bhfuil an t-eachtra seo i dtaisce ag Seán Ó Dubhda.

² l.s. ‘dhaoine’

³ “Máthair na céile” a bhí i gceist dar le fo-nóta ó SÓD.

315. *Pílear ón Leitriúch i Sasana*

[?].3.49

CBÉ, 1151: 224

Chuaigh buachaill ón Leitriúch go Sasana fadó, agus dhein sé beartaíocht éigin gur chuaigh sé isteach sa phílears. Nuair a bhí sé sa phílears, bhí sé mór le pílear eile ó Shasana. Bhí driofúr ag an bpílear eile. Cailín ana-bhreá, agus b'fhearr le pílear na hÉireann ná rud maith go mbeadh sí pósta aige, ach níor mhór duit airgead maith an uair sin chun go bpósfadh cailín ó Shasana tu. Ceann des na laethanta ach go háirithe, chuir sé ceirt ar a mhéir, agus bhuail sé isteach 'dtí an bpílear eile.

“B'fhearra dhuit leitir a scríobh abhaile dhom,” arsa é sin, “ní fhéadfainn féin í a scríobh. Tá méar thinn agam.”

“Scríobhfad agus fáilte,” arsa an pílear eile, “cad a chuirfead inti?”

“Is cuma dhuit cad a chuirfir inti,” arsa é sin, “ach ná dearúd a rá leo aire mhaith a thabhairt don láir dhubh, agus gan aon easpa a fhágaint uirthi, agus í a *bhrusháil*.”

Ní raibh i dtosach, agus i ndeireadh na leitreach¹, ach aire mhaith a thabhairt don láir dhubh. Nuair a chuaigh pílear Shasana abhaile an chéad uair eile, 'on diabhal do ná go ndúirt sé lena muintir conas mar a bhí an scéal age pílear na hÉireann, agus ní foláir nú go raibh substaint² mhaith aige, agus an tinneas go léir a bhí air mar gheall ar an láir dhubh. Fuair sé an driofúr le pósadh. Is í an láir dhubh a bhí ag an naomhóg a bhí thíos ar Ché an Leitriúigh aige. Ní raibh éinní ar an méir, ach an cheirt a bheith casta aige uirthi.

Bhí fear eile ann a bhí ag siúl lá, agus chuaigh sé isteach i dtig ar thaobh an bhóthair. Lá mór báistí. Ní raibh aon phioc don dtig ná rabh an braon anuas ann. Bhí bean an tí insa chúinne, agus an braon ag sileadh anuas uirthi.

¹ l.s. 'leitre'

² l.s. 'substaidhnt'

“An bhfuil aon fhear tí anso?” arsa é sin léi.

“Tá a chroí,” arsa í sin.

“Canathaobh ná cuireann sé sop tuí ar an dtig seo,” arsa é sin, “agus gan an braon a bheith anuas comh mór ann?”

“Dhera a dhuine,” arsa í sin, “cé a dh’fhéadfadh dul ag cur dín in airde a leithéid seo do lá.”

“Ná cuirfeadh sé díon air nuair a gheobhadh se lá tirim,” arsa é sin.

“Tá sé comh tirim do thig is a d’fhéadfá a dh’fháil nuair a thagann an lá tirim¹,” arsa í sin.

Ag réiteach bhuaithi

Bhí tinneas fiacaile ag gabháil d’fhear fadó, agus chuaigh sé ’on bhaile mhór chun í a tharrac. Ní raibh aon *dentist* sa tsaol san ann. Chuaigh sé ’dtí dochtúir. Thairrig an dochtúir an fhiacail. Chuir sé a mhéar siar tréis í a tharrac.

“Níorbh í an ceann ceart a thairrigís,” arsa é sin.

“Á,” arsa an dochtúir, “ag réiteach bhuaithi a bhíos.”

Fir mhaithe fadó

Ba diabhail na fir a bhí fadó ann. Bhí aithne agam ar fhear, bhí sé thuaidh i mBaile na bhFinniúrach, agus do phós sé i Léim an Fhir Léith, ceann dos na Slattries. Chuir sé céad práta ann an bhliain sin, agus do leasaigh sé an céad ó Thráigh na Muirí ansan suas an cnoc lena chléibh. Biornach a bhí i mBaile na bhFinniúrach ab ea é. Tá a mhac fós ann.

Is fadó a bhíos féin agus Seán Coughlan lá ceoidh anso thíos suite ar an gcláí. Lá fómhair ab ea é. Bhí coirce gan ceangal againn. Ghaibh bacach an treo.

¹ MI J2171.2.1.

“Ní chím aon áit is díomhaoine ná an áit seo,” arsa é sin.

“Dhera, níl éinní le déanamh inniubh,” arsa Seán Coughlan.

Bhí cnocán cré ar thaobh an bhóthair.

“Ná raghadh sibh agus an chré sin a tharrac isteach i ngort éigin,” arsa é sin, “agus í a leathadh? Dhéanfadh sí maitheas uair éigin. Nách fearr an t-asal atá ag obair ná an capall atá díomhaoin?”

Ní raibh aon teora leis an lucht siúil a bhíodh ag imeacht fadó. Thagadh ana-chainteanna bhuathu.

Fé mar a dúrt ó chianaibh, ba chuma cathain a cuirfaí prátaí fadó. Bhí prátaí ag teacht ar barra ages gach éinne ar an mbaile seo fadó, agus sin é an uair a bhí m’athair críonna á gcur. Ghabh duine éigin chuige.

“Tá siad ródhéanach,” arsa é sin leis.

“Is fearr cur déanach,” arsa m’athair críonna, “ná ceannaíocht luath.”

’Mhór an seó na prátaí a bhí ann. Sin seanfhocail eile, “is fearr buaile seasc na buaile folamh.”

316. *An bheirt a bhí ag bailiú i gcomhair an tsáipéil*

25.4.45

CBÉ, 968: 500-501

Bhí sáipéal á thógaint fadó, agus tiomáineadh beirt amach ag bailiú airgid. Fuaireadar fógra gan aon tig a dh'fhágaint ina ndiaidh, bocht ná saibhir, agus a bheith sásta le pé rud a gheobhaidís. D'imíodar orthu, agus bhíodar ag déanamh ar t[h]ig a bhí dealratch go maith, agus do chualadar fear an tí istigh, agus tiomáint air ag gabháilt dos na seirbhísigh a bheith ag ídeach *matcheanna* ar a leithéid sin do chuma.

“Á, níl aon ghnó anso isteach againn,” arsa duine acu.

“Ambaiste, mhuisse, raghaimíd isteach,” arsa an fear eile.

Ach do chuadar isteach, agus do bheannaíodar. Do bheannaigh fear an tí dhóibh go sibhialtha, as an bhfeirg ar fad, agus niseadar do cad é an cúram a bhí orthu.

“Tá dealramh le úr gcúram,” arsa é sin.

Do chuaigh sé 'on tseomra. Thug sé bille chúig bpunt chúthu.

“Is ea,” arsa fear a bhí istigh, “’dhóbair ná tiocfaimist isteach in aon chor.”

“Cad ina thaobh?” arsa é sin.

“Nuair a chualamar an tiomáint a bhí na seirbhísigh ag fáilt bhuait.”

“Á,” arsa é sin, “á mbeinnse ag caitheamh gach éinní gan mhaith, ní fhéadfainn an méid sin a thabhairt díbhse. Na *matcheanna* atháid siad so ag caitheamh bhuathu, d[h]eargóidís an *stove* arís, ach iad a chur tharstu, ach ní hé sin a dheinid siad, ach rudaí friseáltha. Bhreisfidís sin tig,” arsa é sin, “á shaoireacht iad *matcheanna*, bheadh gach éinní ag imeacht comh hainnis leo.”

317. *Daoine ag dul as baile ag tuilleamh*

[?].11.46

CBÉ, 981: 545-550

Bhíodh mórán daoine ag imeacht ag déanamh an fhómhair, agus d'fhanadh cuid acu ag baint phrátaí ann. Théadh cuid acu ag baint phrátaí, agus d'fhanadís ag bualadh choirce. 'Spailpíní' a thugadís orthu. Bheiridís leo an ramhann, agus ladhar phrátaí beirthe, agus léine, agus rudaí beaga istigh i haincisiúirín dearg veisteanna, muilirtí, agus treabhasar glas a bhíodh orthu. Síos go Luimneach, agus go Port Láirge a théidís. Is amhlaidh a shiúlaidís ann, agus abhaile aríst. Ní bhíodh puinn páidh dóibh ann.

Bhí Walker ón áit seo. N'fheadar cá raibh sé anso, ach i gCathair Deargáin a chonacsa é. Bhí sé ar dhuine acu. Chonaic sé trí chorp ag fágaint aon tí amháin. Ór¹ a bhí fé thalamh ann, agus bhí feirmeoir ann go raibh triúr mac aige, agus chuaigh mac leis isteach, agus níor tháinig amach. B'ait leo cad a bhí á chimeád. Chuaigh an tarna mac isteach. D'fhan sé istigh. Chuaigh an triú mac isteach. D'fhan sé istigh. Bhí an t-athair ag féachaint orthu. Bailíodh cabhair lá arna mháireach, agus thaighdeadar as a chionn, agus bhí an triúr múchta istigh. *Foul air* a bhí ann.

Bhídís ag gearán ar an mbia. Bhí beirt ón mbaile seo ann turas. Bhí Connor ar dhuine acu. Bhíodh sé ann gach aon bhliain. Scadán idir bheirt a bhíodh acu, a deireadh sé. D'fhiarthaigh bean an tí dhóibh lá ciacu ab fhearr leo, scadáin ná *gravy*.

“Cad é an rud an *gravy*?” arsa fear acu leis an bhfear eile.

“Beidh a fhios againn é,” arsa an fear eile, “ach é a thógaint. Tá an diabhal air nó is fearr é ná leath an scadáin.”

Dúradar go mb'fhearr leo an *gravy*. An t-uisce a bheirbh an scadán, b'shin é an *gravy*. Sin é a fuaireadar. Chuala ná raibh d'anlann age cuid acu, bhíodh Foley ó Bhaile an Mhuilinn ag eachtraí air, is é an t-anlann a bhí aige, a dúirt sé, b'shin é. Athair Foley sin a bhí ag obair age Latchford sa Daingean cúpla bliain ó shin. Bhí blúire muiceola ar crochadh sa tig, agus do phráta a phéinteáil 'dtí

1 l.s. 'óir'

an mblúire feola a bhí in áit eile, agus leathcheann giorria a fuair sé chun a dhinnéir, agus cos giorria a fuair fear eile. Ní bhfuair sé an cheathrú in aon chor.

Bhíodh *boss* orthu, agus iomaire caol aige, agus chaithfidís a bheith suas leis sin. Thagadh fear an tí san am san don lá, agus 'maide croise' aige, agus mara raghadh an maide an áirithe sin síos idir an béalghearrtha¹, agus na prátaí, chiorraíodh sé sa phá iad. Chaithidís an t-athfhód a bhaint chun go mbeadh an ithir bogaithe acu. Ba mhaith an *boss* a deireadh leo, mar bíonn fear maith ins gach aon áit, gan a bheith á mharú féin go bhfeicfidís fear an mhaide ag teacht, agus go bhféadfáidís aon romhar a dhéanamh doimhin ansan. Chaitheadh an maide dul troigh síos.

Nuair a bhídís ag imeacht, théití á dtionlacan go barra an tSeana-Mháma, agus bhítí ag gol ina ndiaidh fé mar a théití le daoine a bhíodh ag dul go Meoraice. Théadh fearaibh pósta ann. Níor chuala gur thug éinne riamh acu bean ón áit thíos leis. D'imídís ag baint na bprátaí timpeall le lá 'le Mhuire an Daingin. B'fhéidir go mbeadh daoine ina ndiaidh a dhéanfadh a gcuid oibre féin age baile. Mara mbeadh, d'fhanadh a gcuid prátaí gan baint go dtí tréis na Nollag. Thagaidís abhaile i gcomhair na Nollag. Níor chuala aon trácht ar éinne a dh'fhanacht thíos ann. Thugaidís scéalta agus amhráin aníos. Gaelainn a bhíodh á labhairt san am san thíos ann.

1 c.f. "béal gearrtha" faoin gceannfhocal 'béal' in FGB.

318. *Rún i dTiobrad Ára agus i Luimneach*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 446-449

Deir siad ná beadh aon ghnó agat éinní a rá i dTiobrad Ára¹ nú i Luimneach. Á bhfeicfeá fear á m[h]arú, deiridís nár c[h]eart duit do bhéal a dh'oscailt air. Chuaigh táilliúir ón áit seo síos go Tiobrad Ára babhta, agus ghaibh sé isteach i dtig. Bhí táilliúir ag obair ann in airde ar an mbord. Do bheannaigh sé nuair a chuaigh sé isteach. Bheannaigh an táilliúir do. D'fhiarthaigh sé dho an raibh aon scéal nódh aige.

“Níl,” arsa táilliúir na háite seo.

“An bhfeacaís aon iontas ar do shiúlta?” arsa é sin.

“Chonac dhá chú i ndiaidh giorria anois,” arsa é sin.

“An dóigh leat an ndéanfaidh siad an talamh air?” arsa é sin.

“B’fhéidir go ndéanfaidís,” arsa é sin.

“Dé bheatha id shaol is id shláinte,” arsa é sin, ag preabadh anuas don mbord.

Bhuail sé air a bhróga, is chuir sé dho. Dúirt sé go raghadh sé sa bhfiach. Beirt a bhí i ndeabhaidh *landgrabber* ab ea iad. B’shin iad an dream *fairáltha*. An duine a thógfadh talamh ann, ní d[h]éanfaí aon díobháil do aon ainmhí leis ach amháin é féin. San am go raibh na spailpíní ón áit seo ag dul ann, do bhí lánú ann a *ghrabáil* talamh. Ní thiocfaidís i bhfeall leis ort. Chuirfidís dhá *notice* ar do dhoras é a thabhairt suas. Do bhí dhá *notice* fachta aige, agus ní raibh sé á thabhairt suas. Aon leanbh amháin a bhí aici, agus oíche a bhí an bhean ag obair ar fuaid an tí, thug sí an leanbh do chun é a chimeád. Thánadar sa bhfuinneog is do ligeadar do nú go dtóg sí an leanbh bhuidh. Scaoileadh trí philéar isteach tríd an bhfuinneog, agus leagadh. Bhí seisear spailpíní ag obair age feirmeoir babhta. *Grabéir*. Ghaibh an feirmeoir chúthu isteach sa lá. Ní raibh an feirmeoir ach tagaithe ’on ghort nuair a chonaiceadar seisear ban an cnoc anuas.

“N’fheadar cá raghaidh na mná san ag gabháil anuas,” arsa duine acu.

¹ c.f. CBÉ, 968: 19-22 mar a bhfuil insint ar an eachtra ‘Spailpíní i dTiobrad Ára’.

D'fhéach an feirmeoir agus chonaic sé iad.

“Deinidh poll go tapaidh ansan domhsa,” arsa é sin.

Níorbh fhada an mhoill ar an seisear an poll a dhéanamh. Shín se thíos ann. Dúirt sé leo an chré a b[h]ailiú anuas air. Dheineadar. Ach nuair a tháinig na mná, d'fhiarthaíodar cár ghaibh an seachtú fear a bhí anso. Ní fhéad éinne acu labhairt.

“Níor fhág sé an áit seo ó chonaiceamar-na é,” arsa iad san, “caithfidh sibh é a theasáint dúinne go tapaidh.”

B'éigean dóibh an chré a bhailiú anuas do go tapaidh. Dúrtas éirí aníos. Chúig neoimití spáis a fuair sé. Scaoileadh sé piléar in aonacht tríd.

“Síneadh gach aon fhear agaibh anois ar úr mbolg,” arsa é sin, “agus beidh duine againne ag féachaint i gcónaí, agus má thógann éinne agaibh úr gceann, geobhaidh sibh an méid a fuair sé seo, nú go mbeidh barra an chnoic curtha againne dhínne aríst.”

Do shíneadar, agus is dócha go raibh an oíche ann sara dtóg éinne acu a cheann. Seisear fear a bhí ann, agus éadaí ban orthu. Bhí spailpín ón mbaile seo ar an seisear, mac don dtáilliúir a bhí anso, Peaidí Liam, Liam Chathaoir an Táilliúir, Conchubharach ab ea é. Tá as cionn céad bliain go hard ó thit sé sin amach. Chonacsá Peaidí Liam, ach ní mú ná san é. Gaelainn ar fad a bhí an uair sin i dTiobrad Ára. Is dócha ná fuil aon Ghaelainn anois ann.

“Contae an Chláir na bláthaí géire,

Contae Chorcaí is gortaí in Éirinn,

agus contae Chiarraí ag fiafraí a chéile.”

319. *Seanchas ar spailpíní agus ar bhuachaillí aimsire*

[?].10.47

CBÉ, 982: 266-269

Bhí feirmeoir ann aon uair amháin, agus 'mhór leis an goile a bhí ag an mbuachaill.

“B'fhearr liom ná an saol,” ar seisean lá lena bhean, “go mbeadh mo ghoile agam comh maith lem bhuachaill.”

Ach do labhair a bhean.

“Dá n-éireofa ar maidin,” arsa í sin, “comh moch led bhuachaill,
dul amach agus t'fheirm a chuardach,
sara dtiocfa isteach, dul 'on scioból, agus tamall a thabhairt ag bualadh,
do bheadh do ghoile agat comh maith led bhuachaill.”

Prátaí gearrtha le n-ithe do spailpíní

Bhí feirmeoir ann fadó, agus bhí beirt spailpíní ag baint phrátaí aige. Ghaibh sé chúthu i gceann tamaill don lá. Chaith duine acu amach práta breá ramhar, agus ghearraigh as a chomhair amach é, tréis é a chuir ar barra. B'ait leis an bhfeirmeoir é, ach ní dúirt sé éinní. Chaith sé amach práta ramhar eile, agus ghearraigh.

“Cad é an bun atá agat leis sin?” arsa an feirmeoir, “nú an mar *dharing* ormsa atánn tú á dhéanamh? Á ngearrfadh an ramhann iad,” arsa é sin, “sara gcaithfeá ar barra iad, ní bheadh aon leigheas agat air.”

“Á,” arsa an spailpín, “níl aon phráta againne le fáilt len ithe, ach iad san. Is mór an ní dhúinn ceann éigint cóir a ghearradh.”

“An mar sin é?” arsa an feirmeoir.

“Is ea go díreach,” arsa an spailpín.

D'fhan an feirmeoir ag *wheeláil* nú gur glaoth chun dinnéir orthu. Do tháinig sé isteach ansan san am gur dhóigh leis na prátaí a bheith ar an mbord. D'fhéach sé ar an mbord, is ní raibh aon phráta

ann, ach práta a bhí gearrtha leis an ramhainn. Dhírigh sé ar an mbean mar gheall air, dúirt sé léithi deireadh a dhéanamh don obair seo. Bhí sé ana-bhaoch don mbuachaill á dh'insint do mar bhíodh ana-job aige aon bhuachaillí a dh'fháil ar a rír a dh'fhaighidís óna bhean.

An spailpín macánta agus an spailpín glic

Bhí beirt spailpíní ag baint phrátaí age feirmeoir. Ghaibh sé chúthu i gceann tamaill don lá. D'fhéach sé ar leaba gach éinne acu. Chonaic sé cuid acu gearrtha age duine acu. Ní fheaca sé aon phráta gearrtha ag an bhfear eile. Tráthnóna, dúirt sé leis an bhfear a bhí ag gearradh na bprátaí, thug sé a phinginí páidh do, níor mhór é an pá:

“Ná tair aon lá eile,” arsa é sin.

“Canathaobh?” arsa an buachaill.

“Á,” arsa é sin, “tá an iomad prátaí á ghearradh agat.”

D'imigh sé abhaile. Lá arna mháireach, ghaibh duine éigin go dtí an ngort. Ní raibh ann ach duine acu.

“Dhe, cáil do pháirtí inniubh bhuit?” arsa é sin leis.

“Briseadh an t-amadán tráthnóna aréir.” arsa é sin. “Do ghaibh an máistir chughainn aréir,” arsa é sin, “agus d'fhéach sé ar an méid a bhí bainte ages gach éinne againn. Bhí ábhairín gearrtha ag an bpáirtí,” arsa é sin, “ní raibh aon cheann gearrtha agamsa. Á ndéanfadh an páirtí mo chomhairle-se, níor ghá dho a bheith briste. Bhí dhá oiread gearrtha agamsa leis,” arsa é sin, “má tá, bhuaileas fé chré iad,” arsa é sin, “dúrt leis an bpáirtí an rud céanna a dhéanamh, agus dúirt sé ná raibh aon dealramh leis, go ndéanfadh na prátaí gearrtha cearc nú bó nú rud éigin sochas iad a chuir fé chré. Sin é fé ndeara dho é a bhriseadh,” arsa é sin.

Ná bac a bheith rómhacánta ar fad.

320. *An táilliúir agus bean an ime sciobtha*

3.12.44

CBÉ, 966: 438-440

Bhí táilliúir ag obair i dtig feirmeora, agus théadh gach éinne ag obair roim bricfeast an uair sin. D'éirigh an táilliúir ar maidin. Chuaigh sé ag obair ar an mbord. Bhí bean an tí ag gabháilt do chuigeann bainne.

“Is ea,” arsa í sin, “tá sé comh maith agam do bhriceast a dh'fháilt duitse.”

“Ná bac aon bhriceast domhsa,” arsa é sin, “go mbeidh blúire dhon im friseáilthe agam.”

“Mo thrua go brách tú,” arsa í sin, “a bheith ag brath ar an im friseáilthe seo. Beidh an lá caite sara mbeidh sí seo déanta agamsa, agus tréis í a bheith déanta, ní mór an seans an blúire ime a bhíonn inti.”

“Cad atá uirthi?”

“Tá rud éigin imithe uirthi,” arsa í sin, “leis an áirithe seo aimsire.”

Phreab sé anuas don mbord.

“An bhfuil aon dingeacha iarainn ansan timpeall?” arsa é sin.

Do fuair sé na dingeacha iarainn agus casúr. Do chuir sé isteach 'on tine iad, agus nuair a bhíodar buna-dhearg, thóg sé amach iad, agus chuaigh sé ag fáscadh na bhfonsaí ar an meidir.

“Téir amach,” arsa é sin, “is féach an gcífeá éinne ag teacht.”

Do chuaigh sí amach.

“An gcíonn tú éinne ag teacht?” arsa é sin.

“Ní chím í,” arsa í sin.

Seo ag obair arís é.

“Téir amach arís,” arsa é sin, “fhéach an gcífeá éinne ag teacht.”

Chuaigh sí amach arís.

“Tá bean ag teacht,” arsa í sin, “agus í ag rith.”

“Dún an doras,” arsa é sin, “agus cuir an boltha air.”

Tháinig an bhean go dtí an ndoras. Chnag sí an doras go huafásach.

“Cad ’tá ort?” arsa an táilliúir.

“Gráinne salainn atá bhuam,” arsa í sin.

Bhí fógra fachta ag an mbean gan aon tsalann a thabhairt di.

“Níl aon tsalann agam,” arsa í sin.

Chuaigh sé ag fáscadh aríst.

“Dhera, i gcuntas Dé, bog,” arsa í sin.

“Ní bhogfad go deo,” arsa é sin, “mara dtabharfair do gheallúintí go bhfuil an méid ime atá beartha agat ón mbean so, go dtabharfaidh tú díol inti.”

“Á, gealaim ’uit,” arsa í sin, “go ndéanfaidh mé.”

“Dein tapaidh é mar sin,” arsa an táilliúir, “mar má thosnaíonn sé aríst, ’on diabhal bogadh go deo. Seo leat,” arsa é sin, “is tabhair díol go dtí an mbean so as a bhfuil beartha agat bhuaithi leis an áirithe seo aimsire.”

“Ó, táim sásta leis,” arsa í sin.

Scaoil sé léi. D'imigh sí, is dó tháinig aríst, agus do dhíol sí amach as a cuid ime í.

“Bíodh duine agat leis an obair sin anois,” arsa an táilliúir, “nó má dh’fhaighimse a thuilleadh don obair sin i do dhiaidh, beidh deireadh leat.”

321. *Mac file ag foghlaim táilliúireacht*¹

[?].2.48

CBÉ, 1035: 338-339

Bhí mac file ag foghlaim táilliúireacht fadó, is ní raibh aon ana-shaol aige ón dtáilliúir. Bhí file eile tamall bhuathu, is b'fhearr leis go mbeadh tamall aige ar mhac an fhile féachaint an raibh aon phioc don ndúchas ann. Chuaigh sé go dtí tig an tábhairne. D'aithin sé an garsún go maith. Ach do dhruid sé leis, agus bhí sé ag féachaint air, plainíntí² ramhra acu á dh'oibriú.

“Tá do shnáthad cam a gharsúin,” arsa é sin, “agus tá sí ramhar ina rosc.”

“Mar sin,” arsa an garsún, “ní ritheann sí le fonn trí olann ramhar na molta³.”

“Tá go maith,” arsa é sin, “tá an dúchas ionat.”

Is í Naomh Bríde a dhein an chéad deilbh riamh. Ní deintear aon deilbh lá 'le Bríde in onóir di.

¹ Tá insint eile ar an mír seo in §444 | CBÉ, 968: 122-126, agus tá sé de dhifríocht idir an dá leagan ná nach ndeirtear éinní linn faoin tslí ar chaith an táilliúir le mac an fhile.

² .i., ‘flainín’, uimhir iolra.

³ “trí olann ramhar na n-alt” atá sa leagan eile.

322. *An fear siúil agus an saor*¹

[?].11.44

CBÉ, 966: 47-49

Fadó a ghaibh fear siúil an bóthar, agus bhí saor ag tógaint tí ar thaobh an bhóthair. Stad an fear siúil ag féachaint air.

“Is ea, cad a déarfá liom?” arsa an saor.

“Ó, saor maith glan is ea tú,” arsa é sin.

“An bhfeacaís mo mháistir riamh?” arsa an saor.

“Ó,” arsa an fear siúil, “tá cuid mhaith feicthe agamsa,” arsa é sin.

“Pé rud atá feicthe agat,” arsa an saor, “ní fheacaís mo mháistirse fós.”

“Do chonac,” arsa an fear siúil.

“Níl a bhac ort é a rá,” arsa an saor.

Chuir an fear siúil lámh ina phóca, agus thairrig sé aníos punt a bhí aige.

“N’fheadar,” arsa é sin, “an ngeobhainn a bheith istigh in aon áit?”

Dúradh leis go ngeobhadh sé a bheith istigh.

“Is ea, níl agam ach aon phunt amháin,” arsa é sin, “cuirfidh mé síos leat é go bhfaighidh mé do mháistir.”

“Cad é an lámh go gcuirfidh tú é?” arsa an saor.

“*By Gor*²,” arsa é sin³, “cuirfidh mé ar do lámh fhéinig é.”

“Cathain a bheidh sé anso?” arsa an saor.

“Beidh sé amáireach ann,” arsa é sin.

Ní raibh aon deabhadh ag éirí ar an bhfear siúil ar maidin.

“Is ea mhuisse,” arsa an saor, “beidh sé gan a chuid airgid, an fear bocht.”

Dhera, nuair a dh’éirigh sé, d’ith sé greim éigint bídh, agus do thairrig sé amach lián¹ agus ceapord

¹ Bhailigh Seosamh Ó Dalaigh leagan eile den mhír seo agus é seo ar fáil in CBÉ, 1150: 580-581.

² l.s. ‘Begorr’

³ l.s. “an saor”

a bhí istigh sa mhála aige. Do chuaigh sé ar an stáitse, agus do chuaigh ag obair, agus níorbh fhada a bhí sé ag obair nuair a chuir an saor a lámh ina phóca, agus do shín sé dhá phunt chuige. Ní fheacaigh an saor ná raibh timpeall an mháistir riamh.

¹ l.s. ‘léan’

323. *Coiréal Uíbh Ráthaigh*

15.8.45

CBÉ, 977: 346-347

Nuair a bhí coiréal Uíbh Ráthaigh ar siúl, chuaigh baintreach ann, agus garsún in aonacht léi féachaint an ngeobhadh an garsún aon obair ann. Dúirt an saoiسته léi ná féadfadh sé aon obair a thabhairt do. D'imigh sí, is d'imigh an garsún síos go dtí an gcoiréal, agus ag déanamh siar ar thráthnóna is ea a bhuail sé aníos.

“An tusa a bhí anso in aonacht led mháthair inniubh?” arsa an saoiسته leis.

“Is sinne,” arsa é sin.

“Cá rabhais ó shin?” arsa an saoiسته.

Thairrig sé amach óna chasóig dhá bhlúire dho *shlate*.

“Bhíos á ndéanamh so,” arsa é sin.

Bhí cearc agus coileach tairrigithe amach aige comh corónta is gur dhóigh leat go rabhadar ina mbeathaidh.

“An dtabharfá domhsa iad san?” arsa an saoiسته leis.

“Ní mór liom duit iad,” arsa an garsún.

“Tair anso amáireach aríst,” arsa é sin, “is tabharfadsa obair duit.”

Do tháinig an garsún amáireach aríst. Do luigh leo. Níorbh fhada gur deineadh saoiسته don ngarsún.

324. *Éireannach i Meoraice*¹

15.8.45

CBÉ, 977: 344-345

Fadó, bhí fear ó Éire i Meoraice, agus bhí sé tamall maith ann. Bhí iarracht airgid aige. Thóg sé paiste ansan chun geas a bhaint ann, agus bhí fearaibh ag obair aige. Dhíoladh sé a bpá nach aon tráthnóna leo. Ach aon lá amháin, dúirt sé leo aimsir dinnéir ná féadfadh sé pá an lae a thabhairt dóibh. Thug sé pá leath an lae dhóibh. Ach do bhí beirt ann.

“*By Gor,*” arsa an bheirt, “oibreoimíd-ne go dtí an oíche.”

D’imigh gach éinne ach an bheirt. Sháigh an bheirt ag obair, is ní dh’oibríodar riamh comh dian. Ní raibh uair a chloig nuair a phumpáil sé chúthu. Chinnibh sé an bheirt. Níorbh fhada go raibh sé ag déanamh obair mhaith. Níl aon teora le fear misnigh. Do bhí m’athair ag eachtraí air gur chuala sé é.

¹ Agus, go deimhin, “ó Mheoraice” a chuala an scéalaí an t-eachtra dar leis an lipéad a ghabhann leis an mír seo.

Ón toircheas go dtí an bás, an óige is an t-aos

325. *Tánn tú id shuí ar fhód do bháis*¹

4.1.45

CBÉ, 967: 234-235

Is dealraitheach nách aon chabhair do dhuine a bheith ag teitheadh ó fhód a bháis². Do bhí fear thiar in Ard na Caithne fadó. Bhí sé ag baint mhóna amuigh in aice Binn Diarmada, agus bhí ábhar móna bainte aige. Ní raibh éinne ina theannta. Do shuigh sé síos, is do dhearg sé a phíp. Do labhair an guth as a chionn.

“Tánn tú id shuí ar fhód do bháis,” arsa an guth.

D'fhéach sé timpeall.

“Cuirfeadsa in iúl duit,” arsa é sin, “ná fuilim,” ag éirí, agus ag gearradh an fhóid mórdtimpeall léna ramhann.

Níorbh fhada bhuaidh an fhaill. Do thóg sé leis an fód, agus do chaith sé leis an bhfaill é. Nuair a tháinig sé abhaile, bhí sé ag eachtraí ar cad a chuala sé, is cad a dhein sé, agus ná beadh an scéal fíor. I gcionn cúpla bliain ina dhia' san, bhí sé ag bailiú fheamnaí, agus do bhuail an bloc leis, agus feamnach ag fás air.

“An diabhal,” arsa é sin, “dá mbeifeá sa chúinne, agus tú tirim, gur dheas an suíochán a dhéanfá.”

Do scrios sé anuas an fheamnach do, agus do thug sé leis an bloc. Chuir sé ag tiormú é. Bhí sé sa chúinne. A bhean a bhíodh suite ar an mbloc i gcónaí, ach aon oíche amháin.

“Beir ar an leanbh bhuam,” arsa í sin, “go ndéanfaidh mé rud éigin ar fuaid an tí.”

Thóg sé an leanbh. Ní fada a bhí sé suite ar an mbloc nuair a scread sé. Ní mór ná gur scread sé nuair a cuimhníodh. Fuarthas scian, agus do gearradh an bloc féachaint conas a bhí aige. Fód a bhí ann. Nárbh fhada an seasamh aige é.

¹ Phléigh Bo Almqvist leaganacha éagsúla den eachtra seo in ‘Crossing the Border: A Sampler of Irish Migratory Legends about the Supernatural’, *Béaloideas*, iml. 59, 1991, lgh. 219-217, agus tagairt leis aige do leagan seo an Chriomhthanaigh. ‘The sod of death predestined’ a thug se mar theideal ar an aistriúchán Béarla a dhein sé ar an leagan seo. Bhí leagan seo Mhic Criomhthain áirithe faoi TIF 934 A Youth to Die at Certain Age.

² An líne seo mar fho-nóta ag SÓD: “níor chuireas síos [...] an chéad abairt seo den eachtra.”

An gcualáís cheana é sin?

326. “Do bhís ólthach imearthach” arsa an bás

7.1.45

CBÉ, 967: 281

Do bhí fear ann fadó agus do tháinig an bás chuige, agus dúirt sé leis aithrí a dhéanamh. Á, dúirt sé nár dhein sé féin éinní as an tslí riamh.

“Ó,” arsa an bás, “do bhís ólthach imearthach magúil scléipeach,
lán do thaidhse, agus do bhladhman éithigh,
sin nithe atá id choinne ag an aon mhac.”

327. *Mo ghrá thú agus mo thaisce agus ba mhór le rá tú tamall*

7.1.45

CBÉ, 967: 189-191

Chuaigh buachaill ó Inse soir go Baile an Bhóthair, agus do phós sé cailín ann, agus do rug sé leis go hInse í, agus tréis í a theacht go hInse, níor mhaith a chomharsa í. Níl aon lá ná bíodh sí ag bruíon lé duine éigint. Ní raibh éinne dhos na comharsain baoch di. Ach níorbh fhada go mbuail a hathair breoite. San earrach ab ea é, agus ní raibh aon¹ bhraon bainne aige. Bhíodh teachtanna gach aon lá a bhailiú braonaíocha bainne dho chun meadhg dhá bhainne a dhéanamh do. Ach bhí sé lá ag bailiú an bhainne, agus do bhuail fear leis, agus lán cléibh do bhanbhaí aige ag dul á mbá. Thóg sé ceann dos na banbhaí, agus thug sé leis abhaile é, agus do bhíothas ag tógaint an bhainbh ar scáth an duine breoite. Bhí scilléidín in imeall na tine a bhíodh ag déanamh meadhg dhá bhainne, agus do sháigh² an bainbhín nuair a chuaigh sé chun seana-chríonnacht, sháigh sé a cheann síos ann, agus ní fhéadfadh sé é a tharrac. Do múchadh é. Ach do fuair an seandúine bás. Chuaigh scéala go dtí an iníon go hInse go raibh sé caillthe. Chualaigh bean don mbaile é. Chuaigh sí sin go dtí bean eile.

“Tá a leithéid seo caillthe,” arsa í sin, “an raghfá go tig an choirp?”

“Dhé! Is fada a bheadh sé thall,” arsa í sin, “sara raghainnse go tig an choirp. Cé a leanódh an diabhal san?”

“Is dóigh mhuisse,” arsa í sin, “ní thabharfadsa lé rá go n-imeoidh sí mar sin. Raghaidh mé in aonacht léi.”

D'imíodar, agus chuadar go tig an choirp, go Baile an Bhóthair. Nuair a chuadar isteach, do dhein an iníon ar an mbord, agus chuaigh sí ag gol ar a hathair. Chuaigh an bhean eile suas 'on chúinne, agus do shuigh sí. Do thug iníon an té a bhí marbh súil ghráinniúil suas uirthi.

“Mo ghrá thú agus mo thaisce,” arsa í sin,

“agus ba mhór le rá tú tamall,

nuair a bátaí an mhuc id chuid bainne,

1 l.s. 'an'

2 Nóta ó SÓD ag cur in iúl gur cheart gur 'shádh' ba cheart a bheith ann.

idir dhá Chéadaoin Earraigh,
nuair a bhíodh muintir Inse dealbh.”

D'éirigh bean Inse:

“Léan ort, agus lagar,” arsa í sin,
“ná cuir bréag go deo ar mharbh,
agus go mór mhór ar t'athair,
mar níor leis fhéin an bainne,
ach é a bhailiú ar fuaid na mbailthe,
agus níor mhuc é ach amháin banbh.”

Mara mbeadh í sin a dhul in aonacht léi, bhí náire fachta age Inse ón mbean eile.

328. *An fear a dheineadh é féin a thórramh*¹

18.3.45

CBÉ, 968: 194-195

Bhí fear insa Leitriúch fadó. Ní raibh aon chúram air ach é fhéin. Bhí mórán airgid aige. Dheineadh sé é fhéin a thórramh go minic. Bhíodh cuileachta mhaith i dtig an choirp. Bhíodh fuiscí go leor lé n-ól acu. Cad é cuileachta! Bhí sé mar sin ar feadh i bhfad aimsire, ach aon oíche amháin, do chonaiceadar an t-áirseoir. Bhí deireadh acu leis as san amach. Do chuaigh sé sin chun dealúis. Is é an áit a cailleadh é ina dhia' san i bpoorhouse Lios Cearnaigh.

¹ Tá an méid seo le fáil mar chuid den seanchas a bailíodh ar Father Eoghain in §426 | CBÉ, 1035: 303-313.

329. *An mháthair a thug turas ar a mac tréis a báis*¹

8.12.44

CBÉ, 966: 510-511

Bean do bhí thiar i mBaile an Reannaigh, agus do bhí mac di i Meiriceá. Chuir sí mar cheangal uirthi fhéin é a dh'fheiscint beo nó marbh. Bhuail sí breoite, agus nuair a bhí sí ag dul chun báis, dúirt sí leo gan aon chor a chuir di go ceann trí huaire a chloig, go raibh uirthi, má fhéadfadh sí é, turas a thabhairt. Do ligeadh di go ceann trí huaire a chloig, agus do fuair sí bás, agus tréis í a dh'fháilt, is túisce a tháinig scéal a báis anall óna mac ná chuaigh sí sall chuige. Bhain sí amach thall sa tseomra é, agus do thug sí tamall ag caint ina theannta.

¹ c.f. móitíf MI E323.1.1.

330. *Bean i dtrance*¹

18.2.45

CBÉ, 967: 504-505

Cailleadh bean uasal fadó, agus idir íseal is uasal, ar an mbord a cuirtaí an uair sin iad. Do bhí bithiúnach i dtig an choirp, agus do chonaic sé fáinní ar gach méir léi, fáinní óir.

“‘On diabhal,” arsa é sin leis féin, “gur mhaith an geall airgid sibhse. Más féidir liomsa é, beidh sibh agam.”

Chuaigh sé ‘on chomhairí lá arna mháireach, agus thug sé aire mhaith don áit a cuireadh í, agus nuair a tháinig an oíche, do dh'imigh sé fé dhéin an tuama, agus d'oscail, agus do bhain sé an folach don gcomhra, agus do chuaigh ag obair ar na fáinní. Ach bhí fáinne acu ana-ghreamaithe – chaith sé scian a dh'fháilt. Ach nuair a bhí sé ag gabháilt don bhfáinne sin, scread sí. Ní mór ná gur thit sé istigh. Chuir sé dho. D'fhág sé ansan í. D'éirigh sí. Do tháinig amach. Is dealraitheach gur i *dtrance* a bhí sí. Tháinig sí abhaile, is fuair sí saol fada ina dhiaidh sin.

Ba mhór an áis a dhein an bithiúnach san.

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe in TIF 990, The Seemingly Dead Revives. Tá méid seo a leanas le rá san ATU i dtaobh an chineáil seo: “A woman becomes ill during an epidemic and falls into a deathlike faint. Her husband orders her buried and puts a precious ring (clothes) into her coffin. One of the grave-diggers returns to the cemetery at night, reopens the grave, and tries to rob the dead. Thereupon (when he tries to cut her finger) the woman revives, leaves the grave, and returns home to her husband. He receives her kindly and they continue to live together for a long time in good health [K426]. **Remarks:** Documented in the late Middle Ages. Early literary versions, see Boccaccio, *Decamerone* (II, 5 and X,4)”.

331. *Bím sínte ar do thuama*

6.1.45

CBÉ, 967: 169-170

Bhí fear ann fadó, agus do fuair a bhean bás an-óg ar fad. 'M[h]ór an seó é ina diaidh. Níl aon oíche ná téadh sé 'dtína tuama 'on roilig. Ach bhí sé oíche sa leabaidh. Ní raibh aon chodladh mór air. Bhí an saol ag déanamh trioblóid do. Tháinig an scríobadh ag an ndoras nú ag an bhfuinneog.

“Cé hé seo atá im éileamh comh déanach san oíche,” arsa é sin.

“Ná haithníonn tú do chéile a bhíodh taobh leat ina luí uair.”

“Ní dh'aithním tú in aon chor mar níl aon phioc dá gnaoi ionat.”

“Mar sin do dh'iompaigh dath na cré orm,” arsa í sin, “na gréine is na gaoithe.”

“Nuair is dói' lém muintir¹ go mbímse ar mo leabaidh,

ar do thuama a bhímse ó oíche go maidean,

ag iompó mo chluasa, agus ag fuarghol fí mhairg,

i ndeabhaidh mo chailín chiúin stuama,

a bhí á lua liom is mé im leanbh.”

“A ghrá ghil, agus a maoinigh, ná smaoinigh air feasta,

ná taibhreamh id chroí air, mar níl ann ach peaca.

Ní sa tuama san a bhímse, bím i bhfad aisti,

táim ar lantáinín aoibhinn. athá thíos cois an ghleanna.

Slán agus beannacht Dé leat, agus fan age baile.”

¹ l.s. 'bmuinntir'

332. *Deoracha ag teacht ó shúile coirp*

8.12.44

CBÉ, 966: 508-509

Chuaigh beirt bhuachaillí ó Pharóiste an Fheirtéaraigh fadó síos go Tiobrad Ára ag baint phrátaí, agus ní fada a bhíodar nuair a bhuail duine acu breoite, agus do cailleadh é. Bhailimh buachaillí na háite timpeall, agus do shocraíodar ar an mbord é, agus do bhí cuileachta acu i dteannta a chéile. Ní hé sin ach do chromadar ach go háirithe ar a bheith ag caitheamh ruchar. Pé duine a fuair ruchar, do fuair an corp ruchar. Chonaic gach a raibh istigh na deoracha ag teacht óna shúile. Stad na ruchair. Stad na gáirí. Níor fhan focal ag éinne. Níorbh fhada dhóibh gur dh'oscail an doras. Bhuaileadair fear isteach, agus comhra acu. Bhuaileadar an corp isteach 'on chomhra, agus do thógadar leothu amach an doras é, agus ba dheas an siúl a dheineadar. Chonaiceadar an oíche sin an comhairí ag gabháilt anuas Sráid Eoin, agus tríd an nDaingean. Tugadh siar isteach go Dún Úrlann an corp an oíche chéanna. An páirtí a bhí ina theannta go raibh cuntas cruinn aige ar gach éinní.

333. *Fear ag siúl ina chodladh*¹

[?].10.47

CBÉ, 982: 295-296

Chuala trácht ar bhuachaill. Bhí beirt driothár acu ann, agus d'éiríodh duine acu formhór gach aon oíche as an leabaidh. Do ghaibheadh sé amach, is thugadh sé tamall maith amuigh. Nuair a thagadh sé isteach, dhúisíodh sé an driotháir leis an bhfuaimheacht² a bhí sé. Ach bhí an driotháir ag eachtraí air.

“Is ea mhuisse,” arsa an driofúr, “fairfeadsa é an chéad oíche eile.”

Níor chuaigh an driofiúr chun aon chodlata an oíche sin. Nuair a bhraith sí ag gabháilt amach é, bhí sí ina dhiaidh fé cheann tamaill. Is é an áit a thug sé aghaidh ar thig slinne a bhí tamall bhuathu, agus do mháirseáil sé in airde ar chliathán an tí, agus shiúlaigh sé cliathán an tí fé mar a shiúlódh sé ar an urlár. Scread an driofúr air go mbeadh sé marbh. Leis an scread a dhein sé, do dhúisigh sé, agus thit sé anuas. Do máchailíodh é insa tslí nách fada a mhair sé ina dhiaidh sin. Á ligfeadh sí dho féin, thiocfadh sé anuas slán folláin.

¹ Tá an mhír seo seanchais leis le fáil in CBÉ, 968: 505-506 chomh maith.

² .i., “lena fhuaimheacht” a bhí sé.

334. *Trí theachtair an bháis*¹

[?].1.48

CBÉ, 1035: 220-221

Is fadó a tháinig an bás go dtí fear, agus dúirt sé leis go mbéarfadh sé leis é.

“Tháinís i bhfeall orm,” arsa an fear, “níor chuiris aon teachtaire chugham go rabhais chun teacht.”

“Is ea, imeoidh mé bhuit,” arsa an bás, “agus cuirfidh mé trí theachtair chugat sara dtiocfaidh mé aríst.”

D'imigh sé bhuidh, agus níorbh fada gur tháinig casachtach ar an bhfear. Thug san tamall ag gabháilt do, is níorbh fhada ina dhia' san go dtáinig tinneas droma air ná raibh sé ábalta ar siúl aige. D'imigh san, agus níorbh fhada gur tháinig tinneas cinn air. Nuair a bhí coraintín ag an dtinneas droma tugtha air, níorbh fhada go dtáinig an bás.

“An bhfuileann tú ullamh?” arsa an bás.

“Ná dúirís go gcuirfá trí theachtair chugham?” arsa é sin.

“Chuireas trí theachtair chugat,” arsa é sin.

“Ní fheaca éinne acu,” arsa é sin.

“An raibh casachtach ort?” arsa é sin.

“Do bhí mo dhóthain,” arsa é sin.

“Sin teachtaire acu,” arsa an bás, “an raibh tinneas droma ort?”

“Do bhí mhuis,” arsa é sin.

“Sin teachtaire eile acu,” arsa é sin, “an raibh aon tinneas cinn ort?”

“Do bhí mhuis,” arsa é sin.

“Sin iad na trí theachtair a chuireas ag triall ort,” arsa é sin.

D'ardaigh sé leis é

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe in TIF 335 Death's Messenger, agus is é an t-aon sampla Muimhneach a thugtar san innéacs sin.

335. *An scoláire bocht agus an leanbh á shaolú*

[?].7.44

CBÉ, 936: 547-549

Chuala scéal eile mar gheall ar scoláire bocht a ghaibh thíos chun an Leitriúigh fadó, agus ghaibh sé isteach ar thiteam na hoíche i dtig, i dtig feirmeora. Ní fada go bhfeaca sé bean ag gabháilt isteach, agus bean eile, agus ag dul 'on tseomra, thairrig sé amach an leabhar, is bhí sé ag léamh, agus chuireadh sé tuairisc anois is aríst an raibh an leanbh saolaithe, agus nuair a saolaíodh an leanbh, d'fhiarthaigh sé gadé an saghas é. Dúorthas leis gur gearrchaile. Thairrig sé osna, is dhún sé an leabhar, is bhuail sé ina phoc é, agus níor fhan aon fhocal aige. Ach ar maidin lá arna mháireach, bhí fear an tí á cheistiú cad é an bun a bhí aige leis an gcaint aréir.

“Á, ní raibh éinní,” arsa é sin.

“Dhera, bhí,” arsa fear an tí, “agus ní fhágfair an tig go dtabharfair cuntas domhsa.”

“B’fhéidir nárbh fhearr duit a fhios a bheith agat,” arsa é sin.

“Is fearr liom cuntas a fháil air,” arsa é sin, “pé bun a bhí leis.”

“Do léas insa leabhar an uair sin,” arsa é sin, “go gcasfaí isteach i dtig mé, is go saolófaí leanbh iníne ann, agus nuair a dh’éireoidh sí suas go mbeadh triúir leanbh aici lé triúr d’fhearaibh pósta.”

Do bhailimh se leis ansan, agus do dh’éirigh an gearrchaile suas nú go dtáinig a chomhrá chun cinn¹. Do dhíobair an sagart as an áit ansan í. Dúirt sé léi gan casadh go deo aríst. Ach bhí sí imithe tamall, agus do bhí *stations* thíos i dtig mo mhuintir chríonna-sa thíos i bhFatha agus tréis an Aifrinn, is nach éinní, bhí an sagart ina sheasamh thíos ag an ndoras. Cé a gheobhadh isteach ach amháin í.

“Ó, a dhiabhail,” arsa an sagart, “ná dúrt leat gan filleadh go brách aríst. Cuir díot,” arsa é sin, “as mo radharc tapaidh.”

¹ .i., “gur tháinig an tuar fén tairngreacht” – SÓD.

D'éirigh mo mháthair chríonna ansan, is chonaic sí é¹.

“A Athair,” arsa í sin, “an bhfaigheadsa cead cainte?”

“Geobhaidh tú,” arsa é sin.

D'éachtraigh sí do mar gheall ar an scoláire bocht tríd is tríd fé mar tá eachtraithe agamsa dhuitse.

“Ar ndóthair,” arsa í sin leis an sagart, “is dócha nár fhéad sí gabháilt thairis an rud a bhí ceapaithe dhi.”

Chomáin sé teachtaire ina diaidh, is do tháinig sí aríst. Dúirt sé lém máthair² chríonna bia a thabhairt di, agus ná cuirfeadh sé aon chuir isteach go deo aríst uirthi. Bhí m'athair ag eachtraí dom air sin. Sin scéal fíor, mar thíos i dtig mo mhuintir chríonna a bhí na *stations* an lá san.

¹ l.s. í'

² l.s. 'bmáthair'

336. *Sagart agus bean luí seoil*

1.1.45

CBÉ, 967: 102-104

Bhí thíos ina Leitriúch, tá tamall maith ó shin, bhí bean bhreoir i mbreoiracht linbh. Chuathas ag triall ar an sagart di. Ní raibh an sagart i bhfad bhuathu. Timpeall le faid goirt. Do tháinig an sagart, agus do chuaigh sé 'on tseomra 'dtí an mbean bhreoir. Bhí triúr nó ceathrar buachaillí sa chistin. Níorbh fhada gur thit duine acu ar an mbord. Glaodh ar an sagart ón seomra¹. Níor thug an sagart aon tor orthu nó go dtí go raibh a chúram déanta sa tseomra aige. Tháinig sé as an seomra, agus do thairrig sé lé clabhta baise ar an bhfear a bhí tite.

“Is olc an saighdiúir tú,” arsa é sin.

Mheasadar go raibh sé caillthe. Chroith sé suas é fhéin, agus tháinig sé chuige fhéin.

“Is ea,” arsa an sagart, “tá gach éinne go maith anois,” arsa é sin, “cé a raghaidh im thionlacansa?”

Suas a bhí orthu dul. D'imigh triúr acu ina theannta, agus nuair a chuadar isteach i dtig an tsagart:

“Ar chúram na hoíche anocht,” arsa an sagart, “dá bhféadfadh sibh gabháilt thairis gan dul ag glaoch ar shagart, ba é ab fhearra dhíbh. An buachaill úd a thit insa bhord, tá an coileach athá sa chúib marbh thar a cheann.”

Bhí fear dos na Mahoneys ann, agus bhí sé comh heaglach d'fhear is bhí ag caitheamh éadaigh. *First cousin* dom máthair² ab ea é, Mahoney. D'fhógair sé soir siar an sagart do chionn an méid sin a rá. Do rith sé, agus dá raghadh éinne dhon mbeirt eile thairis amach, thitfeadh sé, is d'fhanfadh sé ansan. Ach do bhain sé an tig amach, agus nuair a tháinig sé chuige féin:

“Is ea mhuis,” arsa é sin, “beidh a fhios agamsa an bhfuil sé fíor.”

Do chuaigh sé 'on chúib, agus do bhí an coileach ina stiúir istigh sa chúib.

1 l.s. 'seabhamara'

2 l.s. 'bmáthair'

337. *An tIarla Rua*¹

11.12.45

CBÉ, 967: 415-419

Bhí bean ann fadó, agus do bhí leanbh iníne aici ar a shon² ná raibh sí pósta riamh. Nuair a éirigh an leanbh suas, bhí sí ag dul ar scoil, agus bhí sí go hana-mhaith chun foghlaim, agus nuair a bhí sí an áirithe sin aoise, do chuaigh sí go dtína máthair lá.

“Cloisim gach aon ghearrchaile ag trácht thar a n-athair, ach níl aon chuntas agamsa ar m'athair, nó ab amhla a cailleadh é?”

Stad an mháthair.

“Ní hea,” arsa í sin.

“Cá bhfuil sé?” arsa í sin, an gearrchaile.

“A leithéid seo,” arsa í sin, “an tIarla Rua³.”

“An bhfuairis aon chabhair riamh bhuaidh chun mise a thógaint?,” arsa í sin.

“Ní bhfuairis mhuise,” arsa an mháthair.

“Téire chuige anois,” arsa í sin, “agus abair leis cúnamh éigint a thabhairt duit domhsa⁴.”

D'imigh an mháthair, agus do bhain sé amach é, agus nis sí an scéal do.

“Tagadh sí fhéin chugham,” arsa an tIarla Rua, “agus ná tagadh sí chugham gan cuileachta, agus ná bíodh aon duine in aonacht léi. Ná gaibheadh sí slí mhór ná cosán ag teacht. Ná bíodh aon phioc éadaigh uirthi dár ghaibh trí sheol, is ná tagadh sí chugham nochtaithe.”

Tháinig an mháthair abhaile.

“Conas atá agat a mháthair?” arsa an gearrchaile.

“Tá go hainnis,” arsa í sin.

¹ Tá insint seo Mhic Criomhthain áirithe ar cheann de na “unclassified tales” in TIF 2400 The Ground is Measured with a Horse's Skin, agus is é an achoimre seo a leanas a thugtar ar an scéal: “In Irish tradition, this tale-type describes how a saint asked a chieftain for enough land on which to build a church; the chieftain granted as much land as the saint's cloak would cover; the cloak spread miraculously over a large territory, which the chieftain reluctantly granted to the saint. Cf. O'Donnell: *Betha Colaim Chille*, par. 111, 156.

² l.s. 'ruthan'

³ “Chualais cheana é seo” arsa an Criomhthanach le SÓD i leataoibh.

⁴ c.f. TIF 425, The Search for the Lost Husband.

D'eachtraigh sí di.

“Tá an scéal san go hana-mhaith,” arsa an gearrchaile.

D'imigh an gearrchaile lá arna mháireach, agus bhí sí roimis scoláirí na scoile, agus do thug sí léi isteach 'on tsliabh iad, agus bhí an sliabh lán do cheannabhán móna. Do bhailíodar suas ualach do, agus do chuaigh sí ag obair léna snáthaid an oíche sin, agus ba mhaith an díol uirthi. I gceann dhá lá, bhí culaith déanta aici don gceannabhán móna léna snáthaid curtha as a chéile. Do bhuail sí uirthi é, agus dh'ardaigh sí léi an gadhar a bhí aici. D'imigh sí uirthi an bóthar nó go raibh sí ag déanamh ar t[h]ig an Iarla Rua. Stiúraíodh í ar cá raibh sé sin. Nuair a bhí sí ag déanamh ar an dtig, chuaigh sí in airde i ndroim a chlaí. Do bhí an claí go dtí an dtig díreach. Chinnibh sí drom an chlaí. Bhí sé sa bhfuinneog ag féachaint uirthi. Do bhí an gaidhrín ag imeacht in aonacht léi. Nuair a tháinig sí fé bhun na fuinneoige:

“Dia is Muire dhuit, a athair” arsa í sin.

“Á, ní cás a rá,” arsa é sin, “ná gur mé t'athair. Buail timpeall,” arsa é sin, “is tair isteach.”

Do bhuail sí timpeall.

“Is ea,” arsa é sin, “tabharfadsa rud maith dhuitse.”

“Ná bí ag tabhairt éinní domhsa,” arsa í sin, “ní airgead athá bhuam, ach go mbeadh sé lé rá agam go mbeadh cuid do *property* m'athair agam, agus ní dh'iarrfad ach amháin leathad croiceann capaill.”

“*By Gor*, geobhaidh tú é sin,” arsa an tIarla Rua.

“An bhfaighidh mé scríte anois é?” arsa í sin.

“Geobhaidh tú,” arsa é sin.

Thug sí léi an máistir scoile mar fhínne, agus do fuair sí scríte síos féna láimh leithead an chroicinn capaill don *bproperty*. D'imigh sí uirthi. Do bhain sí amach fear a bhí ag díol seithí, agus d'fhiarthaigh sí dho an raibh aon seithe mór capaill aige. Dúirt sé go rabhadar beag agus mór aige.

“Prioc amach an ceann is mó acu chugham,” arsa í sin.

Do dhein.

“N’fheadar anois,” arsa í sin, “an bhfaighinn éinne a ghearrfadh é sin in iall a dhéanfadh caol do ar fad?”

“Geobhaidh tú,” arsa é sin.

Deineadh an t-iall don seithe caol go maith. Bhí duine á ghearradh, agus duine á chasadh suas ag déanamh ceirtlín do, agus bhí, nuair a bhí deireadh caite, bhí ceirtlín mhaith aici. Do thug sí léi beirt nó triúr, agus do rugadar pulaí leo. Bhí an fheirm ar fad as a chéile fé mar atá an tImleach thíos. Bhuail sí falla i gcúinne dhon bhfeirim, agus thógadar leo. Níor ghá dhóibh punn pulaí, bhí sé éadrom. Ghluais sí an áirithe sin ó bhaile, agus cuireadh falla eile ansan. Gaibheadh timpeall na cúirte. Tógadh an fheirm ar fad suas leis an gcroiceann capaill. Bhí sé aici gan a bhaochas. Mhair sí go lántsásta í fhéin is a máthair an chuid eile dá saol.

338. *An mac a chuir an t-athair amach*¹

25.2.45

CBÉ, 967: 575-576

Bhí sagart insan áit seo fadó. Is cuimhin liom fhéinig é go maith, agus nuair a thosnaigh an inid babhta, thug sé seanmóin bhuaidh.

“Féachaídh romhaibh féin anois,” arsa é sin, “agus bíodh a fhios agaibh cad a dhéanfaidh sibh.”

Do chonacsa fear trom críonna liath. Bhí sé suite ar a chathaoir lá. Tháinig a mhac isteach. Do rug sé ar mhullach cinn air. Do thairrig sé ina dhiaidh an t-urlár síos é, agus amach an buaile. Nuair a bhí sé an áirithe sin ó bhaile:

“Ná beir thairis seo mé,” arsa é sin, “go dtí so a thugas-sa m'athair fhéin.”

Sin é agat é.

¹ Tá insint seo Mhic Criomhthain áirithe faoi TIF 980 Ungrateful Son Reproved by Naive Actions of his Own Son. Moltar dúinn féachaint ar cineálacha 980 A, agus 982, leis. Is é an t-eolas breise a thugtar dúinn faoin scéal seo ná an méid seo a leanas: “as well as general tales on this theme, there are also listed here references to the following types: (a) a child, who has seen his grandfather being banished, prepares to banish his own father later on (MI, J 121; BP II, 135); (b) an old father who is being ill-treated is advised to pretend that he has a hidden hoard; he is then well treated; (c) the youngest sons, who is not favoured by his father, treats him kindly while the eldest rejects him”.

Seanchas ar phearsana ar leith

339. *An Giúdach go raibh an t-ór aige: Damer*¹

31.12.44

CBÉ, 967: 32-33

Bhí Giúdach fadó ann, agus do bhí seomra óir aige, agus seomra airgid, agus gheofá dul ag féachaint air, ar réal agus scilling, fé mar ba mhaith leat a dhíol chun é a dh'fheiscint. Ach theastaigh bhuidé a dhéanamh. Chuir sé an chulaith éadaigh á dhéanamh go dtí an táilliúir. Nuair a bhí an chulaith² déanta:

“An mór é seo?” arsa an Giúdach.

“Ní thógfad éinní ach do chuid airgid a dh'fheiscint,” arsa é sin.

Ar an nGiúdach a bhí an t-áthas gan é a bheith ag scarúint lé aon aigead. Chuadar go dtí seomra airgid. Tháinig uafás ar an dtáilliúir.

“Á, ní héinní é sin,” arsa an Giúdach, “téanam.”

Chuadar go dtí seomra an óir. B'fhearr ná san é. Thug sé tamall breá ag féachaint air, é á ladhráil.

“Céad baochas lé Dia,” arsa é sin, “nách breá an radharc é lé oiread á bharra agam anois leatsa,” arsa é sin.

“Canathaobh?” arsa an Giúdach.

“Cad a bhí chun bricfeast ar maidin agat?” arsa é sin.

Nis an Giúdach do.

“Bhí an rud céanna agamsa,” arsa an táilliúir, “cad a bhí chun suipéir aréir agat?” arsa é sin.

Nis sé dho.

“Bhí an rud céanna agamsa,” arsa an táilliúir, “cad é an saghas leapa a bhí chun codlata agat?” arsa an táilliúir.

Nis sé dho.

“Bhí an saghas céanna leapa agamsa,” arsa táilliúir, “tá oiread á bharra agam leatsa,” arsa é

¹ c.f. ATU 1855 Anecdotes about Jews: “This miscellaneous type consists of various anecdotes about Jews. Most are anti-semitic [X610].” Tá a leithéid áirithe in TIF (Ó Súilleabháin agus Christiansen, 1963: 319) chomh maith.
² l.s. 'chulaithe'

sin, “níl agat ach a bheith ag féachaint air.”

“*By Gor,*” arsa é sin, “níor nis éinne riamh an fhírinne ach tú. Líon do phócaí anois do,” arsa é sin, “ní raibh aon chiall agam.”

340. *Eachtra ar an dTreantach*

7.1.45

CBÉ, 967: 240-243

An Treantach a bhí thiar i bParóiste Fionntrá, bhí iníon do pósta i gContae Chorcaí. Do thug an Treantach féin turas ann, agus buachaill a bhí aige. Do bhí páirc in aice an tí ag an gcliamhain, agus ba ghránna leat féachaint air age aon fheirmeoir. Ach dúirt an bhean lá leis:

“Is mór an náire dh'éinne a leithéid sin do pháirc a bheith in aice a thí ná brisfeadh í.”

“Ní féidir í sin a bhriseadh,” arsa fear.

“Dá mbeadh *ploughman* m'athar anso,” arsa í sin, “ba ghearr an mhoill air fhéin agus a chapaill é sin a threabhadh.”

“Bhí *ploughman* anso ab fhearr ná *ploughman* t'athar,” arsa é sin, “agus capall ab fhearr ná capall t'athar. Ní fhéadadar aon lámh a dhéanamh air sin.”

Scrígh sí fé thóin. Tháinig an leitir go dtí an Treantach. D'imigh beirt bhuachaillí leis an dTreantach, agus feidhre capall, agus céachta Broom, agus b[h]íodar sroiste sara raibh an lá ann i gContae Chorcaí. Bhí a fhios ag an mbuachaill go maith cá raibh an áit. Do chuadar ag obair, agus san am san, bhídís ag duanaireacht i ndiaidh na gcapall. Do chualaigh an cliamhain an duain.

“Cad é seo,” arsa é sin.

Chuir an bhean cluas uirthi féin.

“Má mhairim,” arsa í sin, “is sid é *ploughman* m'athar.”

D'éiríodar. Bhí deargadh maith déanta an uair sin acu. B'fhearr leis marbh iad. Ach tugadh isteach chun bricfeast iad, agus do chuadar ag obair aríst. Do bhí an pháirc dearg tráthnóna acu. Chuireadar isteach a gcapaill, agus bhrusháladar iad.

“Is ea, tánn sibh cortha anois,” arsa an cliamhain, “is dócha go bhfearra dhíbh dul a chodladh.”

“Á, i dteannta ár gcapaill a chodalaímídne,” arsa an ploughman.

Sin é a bhí ón gcliamhain. Do chuadar amach go dtís na capaill, agus san am go raibh gach éinne

dúnta suas ag dul a codladh, do thiomáineadar leo chun bóthair, agus do bhriseadar an céachta. Chaitheadar ar dtaobh amuigh do dhoras an stábla ina chipíní é. Siar san oíche, d'fhéach an fear istigh, d'fhéach sé amach.

“Tá an stábla fé thine,” arsa é sin. “Tá capaill t'athar, agus a bhuachaillí dóite.”

“Níl buachaillí m'athar,” arsa bean, “comh simplí sin go mbeidís dóite.”

Bhíodar bailithe leo. B'fhearr leis dóite iad chun ná tabharfaidís aon athscéala abhaile ar an obair a bhí déanta.

Bhí babhta eile, creachadóirí anuas ó uachtar na hÉireann, agus do ghaibheadar chun Paróiste Fhionntrá. Do thiomáineadar leo radharc stoic. Ní fhéadfadh éinne iad a stop. Ach chuaigh an scéala go dtí an Treantach. Do chuir sé tuairisc cár ghaibheadar. Niseadh do gur ghaibheadar aníos go dtí Mám na Gaoithe. Bhuail sé chuige a chapall, agus is é an áit a ghaibh sé Drom an Chnoic go gcífeadh sé ar gach aon taobh do, agus thiomáin sé leis nó go dtáinig sé i radharc Chom Gath. Sin é nuair a bhíodar ag gabháilt síos, agus scaoil sé fé síos. Bhí sé rompu, agus do bhain sé dhóibh an sioc, agus do thug sé marú mór dóibh.

341. Séamus Ó Finn¹

25.2.45

CBÉ, 968: 23-26

Bhí sé i gCathair Deargáin² ina chónaí, Séamus Ó Finn. Nuair a bhí *poorhouse* an Daingin á thógaint, do bhí sé ag dul ag obair ann. Ní mór a chodladh a dh'fhéadfadh sé a bheith déanta aige. Bhí sé aon oíche amháin ag teacht abhaile, agus do bhí seana-charra i mbearna age fear i gCom Ga. Do bhuaíl sé thiar ar a dhrom, an seana-charra chun tine, agus do rug sé leis go Cathair Deargáin é. Ba mhaith an t-ualach é, agus i lár na hoíche siar, do chuala sé an chaint ar fuaid an bhaile. Fear éigint a bhí gluaiste ag lorg bean chabhartha a bhí ann. Do chuala sé an chaint.

“Á, a Sheáin,” arsa é sin léna mhac, “nár fheiceadsa an diabhal ná an bóthar go ngaibheann sé gurb é seo Seán Éamoin,” bhí Seán Éamoin curtha, “agus gurb amhla athá sé ag breith a chairte leis, “ach má bheireann³ an mhaidean ormsa, béarfadsa an chairt chuige aríst.”

Mo dhuine bocht, ní haon chodladh a dhein sé i rith na hoíche, agus nuair a bhí sé ag imeacht do, bhuaíl sé an carra thiar ar a dhrom aríst, agus do rug sé go dtí an áit chéanna é. Bhí sé babhta eile ag dul go dtí tig coirp a bhí thíos i nGallros. Seana-bhean a bhí caillthe. Do ghaibh sé isteach go dtí tig a bhí in aice leis, dos na Bakers. Bhí beirt mhac do Bhaker ag dul go tig an choirp. Fear ab ea Séamus Ó Finn nár thug an t-éitheach d'éinne riamh. An t-éitheach is mó a bheadh ar siúl agat, do mholfadh sé leat. Á ndéarfá leis, “maróidh mé an duine seo,” déarfadh sé, “tá an ceart agat,” ach nuair a bhíodar ag gabháilt amach:

“Teigídh ag gol uirthi sin anois,” arsa Seana-Bhaker.

“Ó, a Sheáin, a chroí, canathaobh ná raghaimíst?”

D'imíodar orthu, agus ní raibh na garsúin ag déanamh ar an dtig.

“Dhera, a Shéamuis,” arsa iad san, “ar ndóthair, ní gá dhuit dul ag gol.”

“Dhera, mhuisse, nár thugaimíd ár súile linn,” arsa Séamus, “ná fuil sé in am ag an seana-

¹ Tá seanchas eile ar Shéamus Ó Finn bailithe ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 1115: 81-82, agus seanchas eile arís ag Seosamh Ó Dálaigh in §342 | CBÉ, 936: 553-555.

² Baile fearainn atá 1.4km ó thig na gCrimhthanach.

³ l.s. 'mbeireann'

chrústa bailiú léithi, go raghaimíst ag gol uirthi.”

Bhí tig coirp eile i nGallros. Bhí lán an tí ann. Bhí bean thuas insa chúinne, tine bhreá léna cliathán. Chuir sí an choróin ar bun siar san oíche. Chuaigh gach éinne ar a ghlúine. Bhí oiread ann ansan gurb é an áit a chuaigh duine acu ar leac an doiris ar a dhá ghlúin. Do bhí an fuacht ag gabháilt tríd, agus do bhí an leac ag gabháilt tríd, ach nuair a bhí na chúig deichniúr ráite, mheas sé go mbeadh deireadh leis. Sin é nuair a thosnaigh bean na cathaoireach ar leanúint siar amach:

“Mise seirbhíseach umhal an tiarna¹.”

“Dhé, mhuisse, más tú seirbhíseach umhal an tiarna,” arsa fear an doiris, “nára fada go mbéarfaidh an diabhal leis tú. Tá mo ghlúine bascaithe, agus táim leata.”

Thit a raibh istigh ag gáirí. Chaith sí a cuid mistéirí a chaitheamh fé thóin cártaí.

1 Ní raibh aon chuid eile den phaidir seo ag an gCrimhthánach, a dúirt SÓD.

342. Séamus Ó Finn, fear púcaí

[?].7.44

CBÉ, 936: 553-555

Bhí Baker thiar i gCathair Deargáin, bhí aithne agat ar Tom Baker an Daingin, a athair sin. Do bhuail driotháir do breoite, agus bhí sé breoite ar feadh i bhfad. Do bhí fear ar an mbaile go nglaoídís Séumas Ó Finn air. Is cuimhin liom féin é. Bhí sé sna púcaí, ach bítaí ag magadh fé. Ach maidean a dh'éirigh Baker, athair Bhaker an Daingin, chuaigh sé go dtí an leabaidh, agus d'fhiarthaigh se don ndriotháir conas a bhí aige.

“Mar a chéile,” arsa an driotháir, “ach an rabhais amuigh inniubh?” arsa é sin, “ó dh'éirís?”

“Do bhíos,” arsa an driotháir.

“An bhfeacaís aon iontas?” arsa é sin.

“Do chonac,” arsa an driotháir, “tá an buaile lán d'fhuil,” arsa é sin, “agus suas comh fada leis an dtobar a chuas,” arsa é sin, “agus tá sí suas comh fada leis an dtobar. Níor chuas thairis sin,” arsa é sin.

“Lean uirthi anois,” arsa an fear breoite, “go dtí pé áit a stad sí.”

Lean sé uirthi, agus bhí sí an bóithrín suas, agus trasna an bhóthair suas trí sheana-ghleann atá suas ón mbóthar ansan. Lean sé uirthi. Bhí páircín chnoic ón dtaobh thiar don mbóthar acu, agus do bhí loc ann, agus do bhí an fhuil ag dul isteach ann, agus doirteadh cuid mhaith ansan istigh di. Níor chuaigh sé thairis sin. Tháinig sé abhaile. Nis sé don ndriotháir cár stad sí.

“Ná tagadh sé amach as do bhéal anois,” arsa é sin, “’dtí an duine ina bheathaidh an méid sin mar i lár na hoíche aréir,” arsa é sin, “a bhí an murdal, agus an marú anso amuigh sa bhuaile.”

D'fhan mar sin. Níl aon lá ná téadh Seán Ó Finn ar a thuairisc. Ghaibh sé isteach chuige i gcionn tamall don lá.

“Is ea,” arsa é sin, “conas ’tánn tú inniubh?”

“Mar sin nú mar siúd, n'fheadar.”

“Is maith an bhail ort,” arsa é sin, “an chabhair a bhí aréir agat a bhuachaill,” arsa é sin.

“Dhera caith¹ bhuit,” arsa an fear breoite leis.

“Doirteadh fuil aréir timpeall ort,” arsa é sin, “agus dá bhféadfá siúl suas go dtí an loicín atá suas ón bpáirc, ansan a bhí an cath deireanach acu. Doirteadh fuil aréir timpeall ort,” arsa é sin.

D’imigh sé nuair a tháinig an driotháir isteach go dtí an bhfear breoite.

“Is ea,” arsa é sin, “ná bídhídh ag magadh fé Sheán Ó Finn go deo aríst. Tá an fios aige.”

Sin é a dheireadh.

¹ ‘cuir’ seachas ‘caith’ uait a mholann nóta ó SÓD, ach ní léir cad chuige sin, de bharr gur “caith bhuit” atá sa chaint fiú is an lá atá inniu ann.

343. *Muiris Réadóra*

4.3.45

CBÉ, 968: 68-69

Do bhí Muiris Réadóra lá Domhnaigh, agus do bhí scata maith bailithe timpeall air. Bhíodh cuideachta an domhain acu, ach do thug sé leis iad ag déanamh stácaí dhá chuid coirce. Bhí gairí acu i dtaobh a bheith ag déanamh na stácaí d'uain bhreá. Nuair a bhí na stácaí déanta, dúirt sé leo clocha maithe troma a thabhairt leo le cuir in airde ar na stácaí. Do dheineadar. Do shéid an oíche. Maidean lá arna mháireach, ní raibh aithne ag éinne ar a choirce fhéin, ach age Muiris. Cuireadh punann soir is punann siar. Níor fágadh punann ar fuaid na háite gan séideadh.

Bhí an sagart maidean eile ag dul ar *stations*. Bhí Muiris ina choinne.

“A Mhuiris,” arsa é sin, “cathain a gineadh ré?”

Bhí capall an tsagairt ag ól deoch.

“Nuair do chuir do láir ghlas a cos deas ar an uisce,” arsa Muiris.

Bhí cloch bheannaithe fé mhuineál an tsagairt. Níl aon uair a gintí ré ná go sileadh deoir aisti. Sin é an uair díreach a shil an deoir aisti.

“Is ea, a Mhuiris,” arsa é sin, “ní chuirfeadsa aon stop leatsa go deo aríst.”

344. *Nóra Hibeard*

[?].7.44

CBÉ, 936: 545-546

Bhí seandúine ar an mbaile seo, agus bhí beithíoch ionlao dar leis aige, agus bhí sé chun í a dhíol. Do bhí sí lé breith ar an am san, agus dúirt nach éinne ná raghadh sí comh fada in aon chor is a gealadh di, go mbéarfadh sí níosa thúisce. Dúirt a thuilleadh go raghadh. Ach bhí seana-bhean ar an mbaile, Nóra Hoibeárd, agus chuaigh sé ag féachaint uirthi.

“Ní bheidh aon ghamhain aici sin,” arsa í sin. “Maighdean bhuaile is ea í,” agus b'fhíor di é, ní raibh aon ghamhain aici.

Ní bhíonn aon ghamhain age maighdean bhuaile, cé go mbíonn sí durtha, ach tagann sí fé dháir aríst. Nora Hoibeárd ab ea í siúd – Herbert. Is dócha gur aníos thar cnoc a tháinig sí. Bhí sí pósta ar an mbaile seo. Maidean a chuaigh m'athair siar ann. Ní raibh éinne istigh, ach an seandúine.

“Cá bhfuil Nóra?” arsa é sin.

“Tá sí anso thoir,” arsa é sin. “Ó dheireadh na hoíche, tá an bhean thoir breoite.”

Ach nuair a tháinig sí.

“Dhera,” arsa m'athair, “conas ’tá agaibh?”

“Ó tá siad go maith,” arsa í sin.

“An garsún nó gearrchaile atá ann?” arsa m'athair.

“Tá gearrchaile mór breá,” arsa í sin, “ná fágfar aon phioc dá barra go deo.”

D'éirigh an gearrchaile suas, agus mhair sí lé bheith leathchéad blian, gan bun ná barr, ach í ina hóinsigh. D'aithnigh sí ar a leanbh é mar do bhí fios aici. Nóra Hoibeárd, Herbert, is dóigh liom gurb ón Leitriúch a tháinig sí. Bhí sí pósta anso age fear dos na Connors go nglaoídís Peaid Liam air. Ba chuimhin liomsa Peaid Liam, ach ní fheaca riamh Nóra Hoibeárd.

345. *Peaidí Liam, file*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 325-327

Ansan mar a bhfuil Seana-Choughlan ar an mbaile seo, bhí fear ansan. Connor ab ea é. Peaidí Liam a thugaidís air. Liam Chathaoir ab ea a athair. D'imigh pocán gabhair bhuidh, agus é lán d'fheoil. Bhí tig ar an mbaile aige, agus is orthu a bhí amhras aige gurb iad a ghoid é, agus do dh'ith é. Cois na habhann a bhí an tig acu. Dhein sé ceathrú amhráin.

“A dhaoine úd thall,” arsa é sin, “cois taoibh na habhann,
os úr gcroí atá an daonacht,
dá bhfaigheadh sibh tuairisc an ghabhair, go raibh clocha ina ghabhal,
do chloisfeadh fir bhodhra úr mbaochas.”

Bhí Peaidí Liam bodhar. Ba é Liam Chathaoir a athair. Táilliúir ab ea é. Bhí cruach mhóna thuaidh ar shliabh an Choimín age Peaidí Liam babhta eile, agus do ghabh uncail domhsa síos chun na Carraige tráthnóna ag válcaireacht. Bhí tig thíos ann, Peaidí Sé. Is e an *job* a bhíodh aige sin i rith an gheimhridh ag baint scoilb chun scoilb a dhéanamh agus á díol. Bhí lán an tí istigh ann ón Muirígh, agus ón gCarraig, agus do chuala sé an chaint ar siúl acu go deas íseal mar gheall ar an maidin. Chuimnigh sé go maith cá rabhthas chun dul, ach níor lig sé aon ní air, ach do tháinig sé abhaile, agus do ghabh sé isteach chun Peaidí Liam. Bhí a thuilleadh istigh. Níor maith leis an scéal a thabhairt amach róshoiléir as chomhair a raibh istigh.

“A Pheaidí,” arsa é sin, “do chualas-sa duain ar an gCarraig thíos i dtig Pheaidí na gCéadta¹ age muintir na Muirí agus na Carraige, is do chruaichín acu á stracadh as a chéile.”

“N'fheadarsa an dtuigeann tú an méid sin,” arsa é sin, “mara dtuigeann tú san id chodladh.”

Bhí sé ina shuí roim lá ar maidin, Peaidí agus do chuaigh sé síos, agus do shín sé cois na cruaike, is ní fada bhí sé ann nuair a bhraith sé chuige an c[h]uileachta, agus a n-asail agus a n-úmacha acu ag dul trí imeall na cruaike nuair a scread sé. Is dóigh liom nár fhan cuid acu lena n-asail in aon

¹ “na gcéadta sceach” atá ag Seosamh Ó Dálaigh i nóta mínithe.

chor. Tháinig sé chuige ag gabháilt buíochais leis ar maidin go mbeadh sé gan aon fhód mara mbeadh é. Níor chuaigh éinne i ngoire na cruaiche as san amach.

Cheannaigh m'athair paiste scabhaeirísí¹ ó fhear bocht i gCathair Deargáin babhta. Dúrtas leis ná beadh ceann roimis ar maidin acu. G[h]laoigh sé ar mhac Pheidí Liam chun dul á bhféireacht go maidin, go mbéarfadh sé leis ar maidin iad. Dúirt a mháthair leis agus é ag imeacht gan é bheith dhon mhí-ádh orthu aon amhrán a rá, ná raibh sé ceart aon amhrán a rá istoíche. Ar a shon² san, nuair a bhraith m'athair an chéad doras á oscailt, shéid sé suas amhrán chun ná béarfadh sé ar éinne.

1 “Swedish [turnips]” mar nóta mínithe ag Seosamh Ó Dálaigh.

2 l.s. ruthan

346. *Diarmuid Ó Bric*¹

[?].10.44

CBÉ, 966: 31-36

An gcualaís riamh cuir síos ar Dhiarmuid Ó Bric nuair a bhís i gClochán? Is mór an t-ionadh liom mara raibh cuir síos age Seán Jack² air. Diarmuid Ó Bric, bhí gé³ agus fiche age Diarmuid. Do ghaibh sé amach maidean, agus do bhuail géanna leis, agus iad marbh. Do chomhaireamh sé na géanna, gé agus fiche. Bhí a fhios aige gurbh shin é an méid géanna a bhí age Diarmuid. Chomhairimh sé aríst iad ar eagla go mbeadh aon dearúd air.

“Is ea mhuis’,” arsa é sin, “is fada athá ag rith leis. Tá beartha amuigh sa deireadh air.”

Chuaigh sé isteach go tig Dhiarmuid. Ní fada a bhí Diarmuid éirithe, ach d’fhiarthaigh sé do Dhiarmuid an mú gé a bhí aige.

“Ceann agus fiche,” arsa Diarmuid.

“Is ea,” arsa é sin, “is fada athánn tú ag breith do chosa leat. Tánn tú á rá riamh ná fuil aon chath ná go dtagann duine éigin saor as, agus tá gé agus fiche leat marbh insa ghort san thuas anois,” arsa é sin.

“Cad a mhairbh iad?” arsa Diarmuid.

“Is fuirist aithint⁴ cad a mhairbh iad,” arsa an fear eile, “an mada rua.”

“An bhfuil an mada rua ann?” arsa Diarmuid.

“Níl muise,” arsa é sin.

“Is ná raibh san sa chath,” arsa é sin, “is tá sé tagaithe saor.”

Chaith sé stad.

Bhí sé babhta ag dul go Corcaigh, is bhuail garsún ar an mbóthar leis. Ach bhí sé á dh’fhiarthaí don ngarsún cé a bhí anso ina chónaí, cé a bhí ansúd ina chónaí. Bhí an garsún ag insint do fé mar a

¹ Bhailigh Seán Ó Dubhda an méid seanchais a fhaightear i dtaobh Dhiarmuid Uí Bhric anseo (c.f. CBÉ, 621, 92-93, 95-101)

² “Seanchaí go rabhas ag bailiú bhuaidh ó Thír, Paróiste an Chlocháin,” a deir fo-nóta le SÓD.

³ l.s. ‘ge’

⁴ l.s. ‘ahainte’

dh'fhéad sé. Ach bhuail fothrach leo mar fhothrach Bhreandáin thall.

“Cé a bhí ina chónaí ansan?” arsa é sin leis an ngarsún.

“Dhera,” arsa an garsún, “cá bhfios¹ domhsa cé a bhí ina chónaí ansan.”

“Tá a fhios agamsa mhuis cé a bhí ina chónaí ann,” arsa Diarmuid.

“Ní dhéanfainn aon dabht,” arsa an garsún, “d’aon amadán comh fiarthaitheach leat ná go mbeadh a fhios-sa nach éinní aige.”

Diarmuid féin a bhí ag eachtraí air tréis teacht abhaile dho.

Bhí sé babhta i gCorcaigh, is chuaigh sé isteach i siopa mór go raibh gach aon tsaghas rud á dhíol ann. Bhí sé ag féachaint timpeall is ag féachaint timpeall.

“Cad ’tá bhuait?” arsa an cléireach leis.

“Tá dhá rud bhuam,” arsa é sin, “is ní chím anso iad.”

“Níl aon rud a dh’iarrfadh do bhéal ná fuil anso,” arsa an cléireach.

“Chuirfinn geall síos,” arsa Diarmuid, “go bhfuil dhá rud bhuam ná fuil ann.”

“Cuir síos an geall,” arsa an cléireach.

Bhuail sé punt ar an gcontúirt.

“Sin a bhfuil agam,” arsa Diarmuid, “dá mbeadh a thuilleadh agam, do chuirfinn síos é.”

“Is ea, cad ’tá bhuait?” arsa an cléireach.

“Tá feidhre do t[h]raithíní trá bhuam,” arsa é sin, “agus cliath sranganach.”

Ní rabhadar ann. Ghaibh beirt phílears an treo, is bhíodar sa doras, agus fuaireadar pléisiúr an domhain ann. Bhí an punt aige. D’imigh sé, is chuaigh sé isteach i siopa go raibh leabhartha á dhíol. Lean na pílears é go mbeadh seó acu, go mbeadh cuileachta an lae acu air. Ach d’fhiarthaigh an cléireach do cad a bhí air. Dúirt sé gur leabhar a bhí uaidh. Chuir an cléireach leabhartha amach ar an gcontúirt. Bheireadh sé ar leabhar, is d’iompaíodh sé an taobh síos suas don leabhar nó go mbuaileadh pictiúir leis, is chasadh sé ansan é. “An mór é seo,” a deireadh sé leis gach aon leabhar go mbeireadh sé air, is bhí sé ag imeacht leis riamh is choíche nú go mbuail leabhar leis a dh’oir do,

¹ l.s. ‘cabhas’

agus do thaithnigh leis.

“An mór é seo?” arsa é sin.

“Cúpla pingin,” is b’fhiú punt an leabhar.

Ní túisce sin ná bhuail sé ar an gcontúirt an dá phingin. Phreab an fear eile amach, is ghreamaigh sé é. Chuir Diarmuid an leabhar ina phóca.

“Stad,” arsa an bheirt phílears, “Tá finnithe¹ a dhóthain aige. Ní fheadaraís cé hé an t-amadán,” arsa na pílears leis.

Chaith sé scaoileadh leis. Ana-scoláire ab ea é. Nár chuaigh sé siúd as chionn mara i mBaile Átha Cliath, agus níor mhór do dhuine oiread airgid a bheith aige, agus chomhairíodh cléireach faid a bheadh sé ag baint éinní as an mapa. Ní raibh sé do cheangal ort gadé an saghas airgid in aon chor, ach is é rud a rug Diarmuid leis mála feoirlingí.

“Seo dhuit in ainm an diabhair iad trína chéile,” ar seisean.

Thug sé leis a chuid feoirlingí, agus cúrsa an mhapa. Tá, is dócha, céad bliain ó bhí sé ann. Bhí feirm aige, is níor mhór an obair a dheineadh sé, ach ag gabháilt dos na leabhartha. Nár dhóigh a bhean na leabhartha air nuair ná raghadh sé ag obair. Níor chuala riamh go raibh aon mhuirear air. Bhí sé an-fháidhiúil. Bhí sé lá ag an aifreann thíos i gClochán, is bhí na daoine bailithe lasmuigh don seana-sháipéal, ag feitheamh leis an sagart. Bhí loig mhór taobh leis an áit go rabhadar ina seasamh go raibh snas gorm uirthi. Bhíodar ag caint.

“Níl aon rud sa tsaol ach droch-aighe,” arsa Diarmuid.

“Conas go ndeireann tú é sin?” arsa iad san.

“Á dtitfinn sa loig sin anois,” arsa é sin, “nuair a dh’éireoinn aníos, ní fhéadfadh éinne corraí le gáirí. Á mbeinn im ghlanadh féin ansan,” ar seisean, “agus go dtitfinn aríst inti, agus go n’éireoinn aníos, agus dhá ghine óir im dhoirne, ní gháirfeadh éinne.”

Nach deas a thug sé amach é.

¹ .i., uimhir iolra malartach den fhocal ‘fínné’.

347. *Eachtra ar Thomás na bPúcaí*

[?].10.47

CBÉ, 982: 354-355

Tomás Ó Maoileoin a bhí thiar in Imleá. Tomás na bPúcaí a thugaidís air, mar bhíodh sé ag imeacht in aonacht leis na púcaí. Bhí bean éigin ag magadh fé Thomás babhta.

“Ba mhaith an bhail ort,” arsa Tomás, “mise a bheith timpeall cúpla oíche ó shin chun tú a chosaint.”

“Ní rabhais,” arsa í sin.

“Bhíos,” arsa é sin, “agus cár chaithis an próca maothacháin?”

Las sí suas le náire, is níor labhair sí aon fhocal eile. Lig sí do Thomás as san amach.

348. *John Williams agus seanchas eile*¹

[?].9.45

CBÉ, 977: 399-404

John Williams a bhí i gCathair Deargáin. Bhí asal is cairt aige. D’fhág sé an Daingean lena asal is lena chairt in aonacht leis an *mailcar*, agus chinnibh sé suas leis an *mailcar*, agus age Abhainn an Scáil a sheoinseáil an *mailcar* capaill. Bhí Williams ina diaidh aniar aríst leis an asal céanna gan aon tseoinseáil a dhéanamh, isteach go Trá Lí. Ní rug an *mailcar* aon choiscéim bhuidh. Bhí ana-asal aige. Ní gheofa a leithéidí anso le méad in aon chor.

Bhí garsún is dóigh liom gurb ón nDaingean ab ea é. D’fhág sé an Daingean in aonacht an *mailcar*. Bhí ana-mheas aige ar an roithín bheag nuair nár fhéad a roth mhór imeacht thairsti² amach. Bhuaileadh sé *slap* anois agus aríst ar an roithín bheag.

“‘Soc’ says little one,” a deireadh sé, nuair a bhuaileadh sé i gcónaí í, agus gan aon bheann aige ar an dtiomáint.

Fuair sé cúpla pingin éigin ó fhear an *mhailcar* tréis dul go Trá Lí, agus cheannaigh sé luach pingine arán don roithín bheag.

An jennet agus an mhiúil

Bhí *jennet*³ agus miúil ag rás le chéile fadó, agus do bhuaigh an *jennet* ar an miúil. Nuair a bhí an rás buaite ag an *jennet* agus iad stadaithe, dhruid an mhiúil isteach go dtí an *jennet*.

“Fan siar bhuam,” arsa an *jennet*, “a mhic an asail.”

Deilbh an Luain

Nuair a bhítaí ag deilbh fadó, bhí sé coiscithe a bheith ag deilbh Dé Luain. Bhí beirt bhan ar an mbaile seo, agus bhídís páirteach ag deilbh. Chuir duine acu ar bun dul ag deilbh Dé Luain, is chuir

¹ ‘Taisteal go Trá Lí’ a bhí mar theideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn.

² ‘tharais’ a bhí ag an gCrimhthanach, ach ‘[tháirste]’, .i., an tríú pearsa uatha fireann seachas an tríú pearsa uatha baineann a bhí i gceist dar le nóta ó SÓD.

³ l.s. ‘jinnit’ tríd síos.

an bhean eile ina choinne¹, ná raghaidís. Bhí na sagairt ar an mbaile an uair sin. Ach bhí an sagart lasmuigh. Thairrigíodar go dtí an sagart é.

“Á,” arsa an sagart, “ná deinídh acht, agus ná brisídh acht.”

Rud a bheidh coiscithe mar sin, bheadh sé comh maith agat gabháilt thairis.

Déardaoín

Sin rud eile a chloisinn, nách ceart d’éinne pósadh Déardaoín, mar tá Déardaoín éigint ann, dréir dheabhraimh, go dtugann siad Déardaoín dubh air, agus n’fheadair éinne cathain a thagann sé, agus sin é an chiall go raibh sé coiscithe pósadh ar an Déardaoín. Á mbeadh duine leisciúil ansan, déarfai leis: “mheilfá lá Shin Sheáin.”

Olann nú im gan salann

Déarfadh daoine gurb ana-dhéirc é sin le cuir le anam duine, olann nú blúire d’im gan salann. B’fhearr ná san an dá cheann a bheith i dteannta a chéile. Ar ndóthair, nuair a bhíodh cuigeann déanta i dtig fadó, á ngeobhadh stróinséar isteach, chuirfeadh sí² a méar san im úr, agus déarfadh sí leis é sin a bhlaiseadh. Is minic a chonaic é sin á dhéanamh. Maide call ab fhearr leis na seandaoine. “Maide call agus scian coise duibhe,” ab fhearr istoíche. Níor bhaol duit aon sprid. Níor chuala go raibh aon díobháil ainmhí a bhualadh le maide call.

An corp a bheith tirim san uaigh

Bhí sé i mBaile Móir, Carty – ní fiú dhuit é seo a scríobh mar níl ann ach aiteas a bhí ar dhuine. Bhí mac leis siúd ag obair sa *phoorhouse*. Cuireadh driotháir do san anso thíos. Ní fada go dtáinig a athair go ndéanfadh sé *repairing* ar an uaigh. Chuas féin ag cabhrú leis. Thógamair aníos an comhra. Thug m’athair íde ghráiniúil orm féin ina dhia’ san i dtaobh é a dhéanamh. Dúirt sé gur

¹ Is é a mhíníonn séimhiú a bheith ar ‘coinne’ ná an méid gur i gcoinne “an mholta” go raghaidís ag deilbh, seachas a bheith ag dul i gcoinne na mná í féin.

² .i., “bean an tí”, dar le nóta ó SÓD.

raobadh roilige é. Bhí sí deanta suas aige, agus tháinig sé aríst chugham, agus pota na cairte aige go n-osclóimíst aríst í. Níor chuas ina theannta ach do hosclaíodh í, agus chuir sé pota na cairte thíos fén gcomhraid chun ná beadh an comhraid fliuch.

Dul ar snámh

Chuala go minic nár cheart d'éinne dul ar snámh nuair a bheadh an tráigh ag líonadh, mar sin é nuair a bheadh an chontúirt ag teacht isteach, ach dul ar snámh nuair a bheadh sí ag trá, mar go mbeadh an chontúirt ag imeacht bhuit an uair sin. Ní ceart bollán ná moltachán a ghearradh i dtosach ré, mar bheadh an gearradh¹ sa duibhré mar fé mar a bheadh an ré ag luíodú, bheadh an gearradh ag luíodú agus ag cneasú.

Nách dochtúir tú?

Bhí fear anso, is chuireadh sé fios ar an dochtúir. Thagadh an dochtúir, is d'fhiarthaíodh sé dho cá raibh a thinneasáí².

“Nách dochtúir tú?” a deireadh sé.

Mheasadh sé gur cheart don ndochtúir fios a bheith aige cá raibh a thinneasáí. Bhí fear thíos insa Daingean, agus deireadh sé ná raibh aon dochtúir sa Daingean ach Dagg, mar ná raibh agat ach glaoch go dtí an ainmhí, agus bheadh a fhios aige cá raibh a thinneasáí.

¹ Meabhraíonn SÓD sa lámhscríbhinn gur ‘coilleadh’ atá i gceist, .i., an chiall a thugtar i gcuid 2. (e) na hiontrála faoin gceannfhocal ‘gearradh’ in FGB.

² .i., leagan malartach den iolra a scríobhtar de ghnáth mar ‘tinnis’.

349. *Connor an ghandail bháin*¹

8.2.44

CBÉ, 966: 504-507

Bhí rí dhos na Connors ann fadó, agus ní raibh aige ach amháin aon leanbh amháin mic nuair a fuair a bhean bás. Do phós sé aríst, agus ní raibh an leasmháthair rómhaith ar fad. Ach lá a bhí an t-athair as baile, dúirt sí leis an ngarsún a chuid éadaigh a bhaint do, go nífeadh sí é. Do bhain sé dho a chuid éadaigh go dtí an léine.

“Á, bain díot do léine leis,” arsa í sin.

Bhain sé dho a léine. Rug sí g dtí an doras é.

“Táimse id chuir anois,” arsa í sin, “id ghandal bhán i measc na ngéanna fiaine ina leithéid seo ‘o chnoc go ceann seacht mbliana.”

Amach leis. Ach a dtáinig an t-athair abhaile, ní raibh aon tuairisc air, agus bhí sí go dubhach craite gan aon tuairisc ar an mac. D’fhan mar sin is d’imigh bliain, is d’imigh dhá bhliain. Is dócha go ndein sí coinne go mbeadh sé lamhachta age duine éigint sara mbeadh na seacht mbliana suas. Tháinig na seacht mbliana, agus do bhí tig duine uasail, bhíodar tréis a ndinnéir a dh’ithe tráthnóna déanach. Tháinig an t-éan breá amach² go dtí an doras, tamall amach. Rug an mac ar a ghunna.

“Cad ’tánn tú ag déanamh,” arsa an t-athair, “comh déanach so sa lá?”

“Tair anuas,” arsa é sin, “is cífidh tú an t-éan breá.”

Tháinig an t-athair anuas. Chonaic sé an t-éan.

“Mo náir é,” arsa é sin, “a rá go marófá a leithéid d’éan breá. Caith bhuait do ghunna,” arsa é sin, “níl aon bhraon ionat.”

Chuir sé bhuidhe an gunna. Bhuaile an t-éan isteach.

“Caithídh blúire bídh chuige,” arsa fear an tí.

Do caitheadh, is d’fhéach sé air. Bhuaile sé isteach, is bhí bia gan tógaint don mbord. Dhein sé aníos ar an mbord. Rug sé ar forc ina bhéal. Sháigh sé i mblúire feola é. Bhí dhá shúil acu. Bhí cailín sa

¹ Bhí leagan bailithe ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 4: 355–362.

² l.s. ‘amu’

tseomra. Tháinig sí go dtí an doras, is dhein sí scartadh gáire.

“Dhera, a bhlaigeaird,” arsa an t-athair, “go mbeifeá ag gáirí fëna leithéid d’éan bhreá.”

“Ní fheadaraís cad é cúrsaí mo gháirí,” arsa é sin, “ní fada go mbeidh a fhios agat é. Sin é mac Rí Connor,” arsa í sin, “go ndein a leasmháthair gandal bán do, agus tá sé [tréis]¹ a bheith ar na pointí anois,” arsa í sin, “a bheith tagaithe amach as.”

Chroith an gandal a cheann chúichi. Cuireadh ’on tseomra² é, agus cuireadh éadach chuige, agus i gcionn deich neoimití, bhí sé ina fhear bhreá³. Fuair an t-athair ansan scéala, agus tháinig an t-athair, agus eachtraíodh do na haon ní tríd agus tríd agus do pósadh é féin agus iníon an duine uasail seo go ngaibh sé chuige, agus do mhair sé go lánsásta as san amach.

Sin iad Connors an ghandail bháin agat. Ba bheag orthu é a thabhairt orthu. Do *bhreed* do dhaoine uaisle chearta ab ea Connors an ghandail bháin.

¹ Bhí an focal seo san easnamh ar fad sa lámhscríbhinn.

² l.s. ‘tseabhamar’

³ c.f. móitíf MI D 350.

350. *Muiris an Chipín*

8.12.44

CBÉ, 966: 526-530

Bhí fear dos na Connors ar an mbaile seo fadó, agus bhí sé ina chaptaen ar Bhuachaillí Bána. Do tógadh é, agus cuireadh 'on phríosún é. Trialladh i dTrá Lí. Níor socraíodh an chúis i dTrá Lí. Moladh é a chuir fé choisle Chorcaí. Dá raghadh sé go Corcaigh, ní bheadh aon mhoill air, ach é a chrochadh. Tháinig an captaen Gearalthach¹ rompu, agus chuir sé in airde a chlaíomh.

“Fuil,” arsa é sin.

Stop sé iad.

“Caithfear é a dhaoradh nó é a shaoradh ina chontae fhéin.”

Chaitheadar filleadh isteach go Trá Lí aríst leis, agus cuireadh coisle aríst air.

“Is ea,” arsa an breitheamh leis, “an bhfuil éinne ar an gcuisle go bhfuil aon aithne aige ort?”

Bhí fear dos na Hexons go raibh seanaithne aige air.

“Tá, Mister Hexon,” arsa é sin.

“Níl aon aithne agam ort,” arsa Mister Hexon.

Rángaigh go raibh Mister Hexon eile ann.

“Ní tú atáim ag rá,” arsa é sin, “ach Mister Hexon, mac na mná uaisle.”

Rug sé sin ar an leabhar, is ní fheaca sé riamh é go dtí sin.

“Dar an leabhar so,” arsa é sin, “is é an fear is macánta a chonacsá riamh é.”

Bhí duine uasal thíos i Murorgán² fadó, agus do buaileadh poc air ar Dhroichead an tSráidbhaile. Buaileadh poc ar a athair, agus ar a athair críonna roimis, ach deineadh caoineadh dho. Níl an

1 “Muiris an Chipín a tugtaí ar an gCaptaen Gearalthach” a deir SÓD linn, toisc go mbíodh sé “ag troid agus a chlaíomh caite go dtí an méid a bhí ina dhorn agena chlaíomh.”

2 l.s. 'Motharagán'

caoineadh agamsa ach go háirithe, agus ní raibh a bhac orm a bheith, ach d'imigh sé bhuam.

“Age Drochad an tSráidbhaile a deineadh an léirscios,
an t-athair agus an mac á leagadh i ndeabhadh a chéile,
bhí a threontaithe go léir ag screadaigh agus ag géarghol,
agus Edmond Bán ar a D[h]aideá ag glaoch air.”

[...] ¹ leanbh ab ea é. Ní théadh aon stad air ach ag glaoch ar a Dhaideá.

“Gan an t-athair sin agatsa, a mharcaigh na righinrosc ²,
a chraobh chúlcheangailte bhascalach, mhín tais,
nár ghaibh ina láimh nó ina lár an saighead úd,
is gan í a ligeant trí Mhuiris, agus a mhuirear i dtaoibh leis.”

A athair féin a fuair an méid sin, nuair nár dhein sé aon chosc air. Sinéad Cáise ab ainm dá bhean.

“A Shinéad Cáise, ní fhásfaidh gruaig ort,
a bhean tí shoilbhir shochma bhreá stuama,
tá na deoracha glasa go fairsing léd ghruanna,
i ndeabhaidh an mharcaigh a thug taitneamh dod chuacha.

Mo chiach go dealbh, nách i Sasana a bhís-se,
nó ar chogadh na bpílear mar ar dhual dod shinsear,
nó i Muroragán thuaidh mar ba chuan chun dín é,
sara dtug Muiris úr milleadh ar an dtúr seo ³.

Do bhí bean an sníomh istigh. Bhí bean eile ina teannta. Shéid sí suas ag caoineadh. Ní raibh aon choinne aici go raibh an bhean uasal istigh, bean Mhuiris. Ach nuair a bhí sé ráite aici, tháinig sé as an seomra, agus gach aon deoir ar sileadh léi.

“Gaibhim párdún agat, a bhean uasail,” arsa í sin, “mheathas ná rabhais istigh in aon chor.”

¹ Bearna fágtha sa téacs ag an scríobhaí.

² .i., ‘righin’ + ‘rosc’

³ Deireann SÓD linn gur chuimhnigh Seán Criomhthain ar an gceathrú deireanach seo tréis a bheith ag deachtú san eideafón a chéaduair.

“Ná gaibh aon phardún liomsa,” arsa í sin, “chuala go raibh sé déanta, agus is fearr liom ná rud maith é a chlos. Déarfaidh tú aríst dom é.”

Dúirt sí aríst di é. Chuaigh sí 'on tseomra, agus do thug sí gúna breá síoda chúichi.

351. *Treabhchaistí*

1.1.45

CBÉ, 967: 116-119

Nuair a tháinig an tAthair Ó Súilleabháin 'on Daingean fadó, do chuaigh fear ón áit do mhuintir Shúilleabháin féna dhéin, agus dúirt sé leis gur do mhuintir Shúilleabháin é fhéin¹. D'fhiarthaigh an tAthair Dónall do cér díobh é, nó cad é an áit go dtáinig sé as. Nis sé dho, ó Uíbh Ráthach.

“Bhí cheithre treibh do mhuintir Shúilleabháin ansan,” arsa é sin, “bhí Sullivans an ghill ann, agus Sullivans na féithe buí ann, Sullivans na Síofraí, agus Sullivans an fhill, agus is dóigh liom gur do Shullivans an fhill tusa,” arsa é sin.

Bhí *coastguards* thiar sa Bhaile Uachtarach fadó, agus do bhí feirmeoir ann go nglaoidís Muiris Feirtéar air. Ní fhéadfadh sé aon chipín raice a thabhairt ón dtráigh leis aige. *Coastguard* a bhí ann dos na Stacaigh. Bhí sé ina sheó bóthair aige. Do ghaibh fear siúil an tslí lá, agus nuair a bhí sé ag déanamh ar t[h]igh na *gcoastguards*, do chonaic sé an *coastguard*, an Stacach, agus d'aithin sé go maith é, agus d'aithin an Stacach é, ach do chuaigh sé i bhfolach air chun ná beadh air éinní a thabhairt do. Do chuaigh an fear siúil isteach go tig Mhuiris Feirtéar, agus do bhí na ba á chrú. Do fuair Muiris Feirtéar muga mór adhmaid, agus do thug sé chuige é lán do leamhnacht, agus dúirt sé leis é a dh'ól, agus fé cheann tamaill, d'fhiarthaigh sé dho cad as é. Nis sé do gurb ó Chontae Luimnigh.

“Tá *coastguard* ón áit sin anso,” arsa é sin, “dos na Stacaigh,”

Níor lig an duine bocht éinní air, ach fé cheann tamaill don oíche, tháinig an *coastguard* isteach go mbeadh cuileachta aige, agus dúirt Muiris leis:

“Seo fear ód dhúthaigh anso,” arsa é sin leis an bhfear siúil.

Dúirt sé an rud céanna leis an bhfear siúil. Ach d'fhéach an fear siúil air:

“Cér díobh tú?” arsa an fear siúil.

“Dos na Stacaigh,” arsa é sin.

¹ c.f. §394 | CBÉ, 981: 359-361 mar a luaigh Seán go raibh gaol aige féin le muintir Uí Shúilleabháin.

“Á, bhí dhá threibh dos na Stacaigh ansan,” arsa an fear siúil. Bhí Stacaigh bhreátha ghalánta ann,” arsa é sin. “Bhí Stacach eile ann ná raibh éinne clainne aige. Do ghaibh sé amach maidean sheaca, agus cad a gheobhadh sé i dtóch muc ná leanbh. Thug sé an leanbh isteach, agus dúirt sé léna bhean aire a thabhairt don leanbh, agus é a thógaint. Do dhein, agus do mhair an leanbh, agus d'éirigh sé suas, agus is é an ainm a baisteadh ar an dtreibh sin 'Stacaigh Thóch na Muc', agus is dóigh liom gur díobh san tusa.”

Bhuail an *coastguard* a cheann fé. Ní mór an mhoill a dhein sé nuair a bhailimh sé leis. Ní raibh a bhac ar Mhuiris Feirtéar a rogha rud a dhéanamh as san amach, mar nuair a chífadh sé é: “Téir abhaile a Staicín Thóch na Muc.” B'fhada leis a bhí sé sa Bhaile Uachtarach.

352. *Sloinn*¹

[?].11.46

CBÉ, 982: 11-13

Ar chualaís riamh cad a thug an ainm ar mhuintir Shúilleabháin? Chuala-sa duine á rá, fear ná raibh aon tsúil ann, agus bhain fear an tsúil as a cheann, agus thug sé dho í, agus tugadh Súilleabháin ar d[h]uine éigint acu. Deireadh m'athair nárbh é sin an ceart, ach fear a ghaibh amach maidean, maidean samhraidh, maidean ana-bhreá. Bhí crainn ag fás ann, agus cad a gheobhadh sé in aice le crann leamhán, ach leanbh, agus bileog don leamhán ina bhéal aige, agus é á shúrach. Do thug sé leis an leanbh, agus d'eachtraigh sé conas a fuair sé é, agus conas a bhí sé. Is é an ainm a baisteadh air “Sú an Leamhán,” agus as san a tháinig muintir Shúilleabháin.

Muintir Uallacháin

Nuair a bhí máthair Dhan² fé chlár, bhíodar thíos an mhaidean san i dtig an choirp. Níorbh fhada dhon maidin go dtáinig cuid do m[h]uintir Bhaile an Reannaigh³ isteach. Bhí gaol aige leothu ar fad. Cuileachta mhaith ab ea iad. I gcionn tamaill, do labhair Hugh Cráin. D’fhiarthaigh sé sin do sheana-mháistir Houlihan conas a tháinig muintir Uallacháin. Dúirt Houlihan an méid fios a bhí aige féin go gcuala sé é, go raibh bean agus Áine ab ainm di. Do bhí sí ag iompar linbh, is nuair a saolaíodh an leanbh, is é an ainm a baisteadh air, ualach Áine. As san a tháinig muintir Uallacháin.

Cad as a tháinig na Criomhthanaigh?

Bean a bhí ann, agus Úna ab ainm di, agus bhí mac aici, agus d’fhás sé suas ana-thapaidh. Ní fheaca éinne riamh a leithéid eile le haoirde, agus is é an ainm a baisteadh air, Cleith Úna, agus as san a tháinig na Criomhthanaigh.

¹ ‘Sloinn

² l.s. ‘Din’ agus ‘Houlihan’ idir lúibíní cearnógacha ag an Dálach ina dhiaidh sin. Tá an nóta seo a leanas le fáil ag bun an leathnaigh: “Ar an Muirigh i bParóiste Chillmaolchéadair atá Din Houlihan. Tá sé 71 bliain anois. Bhí a athair ann leis.”

³ l.s. ‘Baile an Ranaigh’

Conas a tháinig Muintir Dhálaigh?

N’fheadar. Ní foláir nú tá a fhios agat é sin. Conas a tháinig muintir Shé?

Níor chuala é.

Chuala go raibh bean ann go raibh leanbh aici, agus ghaibh stróinséir isteach lá, is bhí an leanbh ina haice.

“An leatsa an leanbh?” arsa an stróinséir.

“Ó, is é mo leanbh é,” ar sise, “is é mo leanbh é, is é mo leanbh é.”

Chinnibh sí sians siar amach air.

“Stad,” arsa an stróinséir sa deireadh, “más é do leanbh é, tabhair Sé mar ainm air.”

As san a tháinig muintir Shé¹.

¹ Bhí sín-seanathair ag Seán Mac Criomhthain darb ainm dó Dónall Mór Ó Sé faoi mar a deir sé féin linn san eachtra inar cheannaigh Dónall Mor an capall le hairgead ó shagairt agus a fuair droch-chapall dó féin dá bharr sin, (CBÉ, 967: 108-110).

353. *Muintir Shé an Gharráin*

[?].2.46

CBÉ, 979: 202-203

Is dóigh liom gur theas ar Imleach an Gharráin a bhí *stations*, agus bhí Father Dan ann. I dtig Dhónall Ó Sé a bhíodar, ach d’fhiarthaigh sé do Dhónall Ó Sé cad as gur shíolaigh sé. Dúirt sé gurb ó Uíbh Ráthach.

“Cad é an áit ansan,” arsa é sin, “go rabhabhair?”

“Timpeall Oileán Dairbhre,” a dúirt sé.

“Deineadh amhrán do mhuintir Shé a bhí ansan,” a dúirt sé.

Dúirt se an t-amhrán ar fad. Bhí sé aige go blasta, ach sin a dtugadar leo:

“Muintir Shé an Oileáin,
do ghearradh an Fionnán,
gan speal gan crán,
ach le cosa na ngearrán,
i ndeabhaidh na gcoileán.”

Lucht *game* is dealraitheach ab ea iad. Bhídís i ndeabhaidh na madraí rua.

Cathain a thánadar san ar an nGarrán?

Is dócha go rabhadar i bhfad roimis an Drochshaol ar an nGarrán. An *family* ar fad is dócha a tháinig ann.

354. *Thomas Thomson*

[?].6.44

CBÉ, 936: 385-387

Nuair a bhí Father Alpin sa Daingean, do bhí Baile an tSagairt an uair sin ina loch bháite, agus is é duine go raibh an talamh aige, Maonus ‘ac Síthigh. Agus do bhí Maonus do ló is d’oíche ag obair air ná go raibh sé ina thalamh breá aige. Bhí sé ag obair an lá so nuair a ghaibh Thomson soir, agus a chóiste, agus nuair a chonaic sé Maonus ag obair, stad sé an cóiste.

“Ní gá dhuit do chroí a bhriseadh anois leis sin,” arsa Thomson leis, “táimse ag dul go Baile Átha Cliath anois chun céir ghorm a tharrac ort, agus tú a chuir amach, agus ní fada eile a bheir ann.”

Bhailimh sé leis, agus do stad Maonus, agus do bhuail sé an ramhann ar a ghualainn, agus do bhí sé ag teacht abhaile, agus a cheann fé. Bhí an dá shagart ina choinne soir, bhíodar ag dul ar *stations*, agus do bhíodar i gcoinne Mhaonus.

“Is ea, a Mhaonus,” arsa Father Alpin, “nách luath atánn tú ag dul abhaile?”

“Táim,” arsa Maonus, “mar ní haon chabhair dom a bheith ag obair. Tá Thomson gafa soir anois, agus é ag dul go Baile Átha Cliath chun céir ghorm a tharrac orm, agus ní fada eile a b[h]ead insan áit seo.”

“An mar sin é?” arsa Father Alpin. D’iompaigh sé ar Father Devine. “Mhuise, a Athair,” ar seisean, “scaoil rud éigin ina dhiaidh siúd.”

“Á, ná bac é,” arsa Father Devine.

Thosnaigh Father Alpin ag léamh, agus nuair a bhí stáir léite aige:

“Abair *amen* a Mhaonus,” ar seisean.

“*Amen* a Thiarna,” arsa Maonus.

“B’fhéidir nár bhaol dhuit anois é,” arsa Father Alpin.

Chuaigh Thomson go Baile Átha Cliath, ach do thit an t-anam as díreach arís ag dul ann¹, agus

¹ Tá insint ar an eachtra seo in §414 | CBÉ, 1070: 153-184 chomh maith.

d'fhan Maonus i mBaile an tSagairt, agus tá a threabhachas ó shin ann. Is dóigh liom gur tháinig corp Thomsoin dhon Daingean chun é a chur. Bhí Thomson mar mháistir ar Bhaile an tSagairt.

355. *Seán Hill*

[?].5.45

CBÉ, 968: 545-547

Bhí fear ar an mbaile seo, Seán Hill. Is cuimhin liomsa é. Seán Sheáin a thugaidís air. Seán a bhí ar a athair is dócha. Ní raibh aon talamh aige, ach bhí garraí aige ó Sullivan, agus thugadh sé laethanta oibre dho. Bhí sé tamall ar an mBóthar Buí sa pharóiste seo, ach d'fhág sé, agus ón Machaire a thánadar anso. Máire¹ Ní Chráin a bhí pósta aige. Bhíodh bean ag siúl orthu anso, Bríd Ní Reála², agus bhí sí féin, agus a fear, agus beirt mhac léi i *bpoorhouse* Thrá Lí sa Drochshaol. Bhí drochbhreiteacht orthu, agus cailleadh a fear, agus a beirt mhac i gan fhios di. Nuair a chuaigh aon fheabhas uirthi ansan, dúradh léithi, agus d'fhág sí amach an *poorhouse* i lár na hoíche, agus gan uirthi ach a léine, agus tháinig sí 'on Mhachaire ó Thrá Lí. Nách maith nár chaill an fuacht í.

An Loingseach so ó Chlochán Dubh a chuaigh dhá uair go Talamh an Éisc, dúirt sé go raibh scata acu ar an ártach, agus tá carraig anso thuas insa chnoc go dtugann siad Carraig Éinín uirthi, ach bhíodar ag cuir síos ar an roinnt a dheineadar age Carraig Éinín. Dhá cheathrú dhéag ar fhichid caoirfheolach a dúradar a riaradar eatarthu ann, do chaoirigh goidithe.

Dhá phóna ar an gCill

Bhí dhá phóna ar an mbaile seo tamall. Bhí páirc age pónaeir acu, agus théadh bean an phóna lá ag seoladh a bó ann. Lá ceoidh ab ea é, is bhí asail tagaithe i leith ó Chlochán Dubh sa pháirc. Bhí na hasail beartha ages na garsúin leo. Chonaic sí tuar na n-asal. Chualadar san í. Ní rabhadar ach imithe leis na hasail sa cheo. Seo ag cuardach í. Mheas sí nach aon neoimint go mbeadh na hasail aici. Is é an port a bhí aici:

¹ l.s. 'Máir'

² '[Fhreála?]' scríofa isteach mar mholadh ag SÓD sa téacs.

“Hóis amach. Hóis amach. Balath cac asal. Díolfaidh tú réal, agus ar mh'anam, dhá phingin airgead póna leis.”

Bhí póna acu ansan thíos mar a bhfuil na Cathaíoraigh, agus póna eile age bean do mhuintir Shé anso age Bóthar na Bacaí. C[h]uireadh bean Bhóthar na Bacaí stoca ar na bioráin ar maidin, agus dhá fhaid é an stoca, bhíodh sé cantáltha tráthnóna aici, agus ní shuíodh sí, ach ag siúl ar fuaid an bhaile go mbeadh a fhios aici cad a bheadh ar siúl.

356. *Dane Swift agus an buachaill*¹

[?].10.44

CBÉ, 966: 24-28

An gcualaís conas a bhuail an Dane leis an mbuachaill a bhí aige an chéad lá riamh? Bhí Jack ag iascach ar abhainn. Tháinig an ministir air. D’fhiarthaigh sé dho cad air a bhíonn sé ag iascach.

“Bím ag iascach ar an diabhal,” arsa é sin.

“Cad é an baoite atá agat?” arsa an Dane.

“Tá ministir,” arsa é sin.

“An raghfá in aimsir chugham?” arsa an Dane.

“Raghaidh mé,” arsa é sin.

B’fhearr leis an ministir é a bheith aige ná rud maith, chun cuileachtan, ní hamhla a tháinig aon straidhn air. Bhíodar ag leanúint a chéile, is thug sé mórán dá shaol aige. Is mó scéal seoigh a bhí acu. Bhídís ag válcaireacht gach aon lá, ach bhí roilig i gcliathán an bhóthair. Nuair a bhíodar ag gabháilt thairis an roilig, chualadar an bhean ag gol.

“Caithfidh mé,” arsa an Dane, “gan gabháilt an bóthar so in aon chor. Tá mo chroí loiscithe ag an mbean bocht. Ag gol gach aon lá. Tá sí ag caoineadh fir atá curtha.”

¹ Is ionann “Dane Swift” an traidisúin bhéil agus Johnathan Swift, scríbhneoir. Na scéilíní atá anseo again ó Sheán Mac Criomhthain i dtaobh Johnathan Swift, tá siad i measc an ábhair is cómónta atá le fáil i mbéaloideas na hÉireann ina thaobh, agus bhíodar mar chuid den phlé a dhein Mackie L. Jarrell ar an ábhar céanna: “These stories are amongst those found most frequently in the total collection, and are also of a distinct folk type. They are all ‘success’ stories, with the servant victorious over the master through mother-wit. With the possible exception of the ‘dirty boots’ story, they have no actual biographical basis, but have merely become attached to a name associated with wit, the point being that a clever master has a servant even cleverer than himself. The Dean is little more than straight man, except for the important role of opening his purse. His rewarding of wit with cash is of course essential to the story patter; and it is interesting in view of the conflicting tradition of Swift’s avarice that this pattern was established as early as 1752, in the anecdotes attached to the *Memoirs of the Life and Writings of Johnathan Swift*” (Jarrell, 1964: 104). Deir sé ina dhiaidh ná go bhfuil “sufficient reason for suspecting that [Swift] was a difficult master... these anecdotes often set out to tell how the Dean first came to employ Jack” (ibid: 113). Dhein Jarrell tagairt do leagan Sheán Mhic Criomhthain den eachtra sin ag an bpointe sin, gan an Criomhthanach a ainmniú, agus lean sé dá phlé ar Swift sa traidisúin béil mar seo a leanas: “It is clear that the Swift of Irish oral tradition is very different from the Swift of the biographers. Of all the familiar anecdotes which pyramided from Mrs. Pilkington, Orrery, Delany, Deane Swift, and Sheridan to Scott, and which have always formed a sizable portion of the biographies, not one is found in the IFC collection... yet it is worth noting that even the jestbook anecdotes which, early and late, became attached to his name can be attached only to a great name and one renowned for wit. The warmest tribute to him in the collection was recorded in County Kerry in 1933: he was a ‘headstrong man, rough in his mind, and very cunning. People say he was honest, and a good friend to this country while he lived. He was witty and well-spoken, and his intellect and his learning and his cunning were better than that of anybody before him or since’” (ibid: 113). In CBÉ, 11: 249 a fuair Jarrell an tagairt dheireanach sin (ibid: 117).

“Cuirfeadsa geall leatsa,” arsa Jack, “go mbeidh sí sin toilteanach lé mise a phósadh fé cheann deich neoimintí.”

“Is beag an cuimhneamh aici air,” arsa an Dane.

“Is ea, buail síos an geall,” arsa Jack.

Do chuir. D’imigh Jack isteach ’on roilig, agus chuaigh sé go dtí uaigh eile ná raibh i bhfad bhuaithi, agus chaith sé é féin ar a ghlúine, agus bhí gach aon ologón aige. Ach nuair a bhí coraintín tugtha ag gol aige, d’éirigh sé, agus tháinig sé fé dhéin na mná. Bhí gol, agus d’fhiarthaigh sé dhi cad a bhí sí ag caoineadh. Dúirt sí go raibh sí ag caoineadh a fir a bhí curtha anso.

“Agus tá mo bheansa curtha ansan,” arsa Jack, “is tá mo chroí briste ó bheith ag teacht ag gol uirthi, gan éinní ’á bharra agam ná éinní á bharra agatsa leis,” arsa é sin, “níl éinní is fearra dho bheith againn ná pósadh. Á mbeimist ag teacht anso go deo, ní bheadh éinní á bharra againn. Tá an Dane ansan amuigh ar an mbóthar,” arsa é sin, “is pósfaidh¹ sé láithreach sinn.”

Chroith sí suas í féin. Amach leo.

“Is ea, tá sé comh maith agat,” arsa an buachaill leis an nDane, “mé féin is í seo a phósadh.”

“An bhfuileann tú sásta,” arsa an Dane, “lé é a phósadh?”

“Ó táim,” arsa í sin.

Thóg sé amach fuip an chóiste, agus do fuaireadar a ndóthain don bhfuip, beirt acu.

Nuair a théidís ar lóistín in áiteanna, ní bhíodh leapacha flúirseach. Aon leabaidh amháin á dh’fhaigheadh beirt acu. Luíodh an Dane suas insa leabaidh, is caitheadh Jack dul chun cos.

“Conas ’tánn tú, ansan agem chosa?” a deireadh an Dane lé Jack.

¹ l.s. ‘pósfaidh’

“Táim go maith,” a deireadh Jack, “conas atánn tú agem chosa-sa¹?”

Maidean eile, bhíodar chun imeacht, is ní raibh bróga an Dane glan.

“Canathaobh nár ghlanais mo bhróga?” arsa an Dane.

“Dhera, cén chabhair a bheith á nglanadh,” arsa Jack, “bheidís salach tráthnóna aríst.²”

D’éirigh sé, is chuaigh sé isteach ’on tseomra, agus dúirt sé léna bhean gan aon bhriceast a thabhairt do Jack inniubh. D’ith an Dane a bhriceast. Ní bhfuair Jack éinní.

“Gaibh an capall,” arsa an Dane,” go mbeimid ag imeacht.”

“Níl éinní ite fós agam,” arsa Jack.

“Ní haon chabhair ‘uit a bheith á ithe,” arsa an Dane, “chaithfá a bheith ag ithe tráthnóna aríst³.”

Ghaibh Jack an capall, is bhailíodar leo. Bhuail duine éigint ar an mbóthar leo.

“Caileann sibh ag dul inniubh?” arsa an duine a bhuail leo.

“Táimid ag dul sa flathais,” arsa Jack, “agus tá duine againn,” arsa é sin, “ar céalacan, agus duine eile againn, agus a bholg lán, n’fheadar ciacu againn,” arsa é sin, “is túisce a scaoilfear isteach?”

An chéad bhaile mór a bhuail leo ansan, níorbh fhada bhuatha é, fuair Jack a dhóthain lé n-ithe sa bhaile mhór.

¹ Tagairt ag Jarrell don mhóitíf seo agus an mhír seo ón gCríomhthánach arís mar fhianaise aige.

² Tá tuairim ag Jarrell go mb’fhéidir gurb é an bunús stairiúil a bhain leis an scéilín seo ná argóint a d’éirigh idir cuid searbhóntaí Jonathan Swift, agus an tslí inar chuaigh sé siúd i ngleic leis an argóint. bhí na línte filíochta seo a leanas ó Jonathan Swift féin in *A New Collection of Poems on Several Occasions* mar fhianaise aige: “No more shall we view our darling Dean / Between his servants, ride along the Plains” (1964: 102).

³ Thagair Jarrell don insint seo ó Sheán Mac Críomhthain ar an eachtra, agus tá tagairt leis aige d’insint eile a bhí le fáil in CBÉ, 98: 344-346. Tagann an trácht ginearálta a dhein Jarrell ar an mír le hinsint an Chríomhthanaigh faoi mar a fhaighimid anseo í: “this anecdote is often combined with another, told as its sequel. The Dean and his servant continue their journey, Swift reading his prayer-book, until they meet a man who asks them where they are going. ‘To heaven,’ says Jack: ‘he’s praying and I’m fasting.’ (1964: 101). Is é a dúirt Jarrell ina dhiaidh sin i dtaobh na míre céanna seo ná “this anecdote is not listed in the folklore indexes... it is however one of the Swift anecdotes told by Monck Berkeley in his *Literary Relics*.” (ibid: 102).

357. *An gréasaí agus Dónall Ó Conaill*¹

[?].8.45

CBÉ, 977: 407-408

Bhí gréasaí ag siúl anso thíos orainne, ó Chill Airne. Bhíodh sé ag eachtraí dho m’athair. Ghaibh Dónall Ó Conaill isteach lá chuige go gcuirfeadh sé taoibhín ar a bhuatais. Ach nuair a bhí an taoibhín ar an mbuatais aige:

“An mór é sin?” arsa Dónall.

“Leathchoróin,” arsa é sin.

“Bhuel,” arsa Dónall, “sin rud nár dhíolas, as aon taoibhín riamh a chuir ar mo bhuatais ná ar mo bhróig.”

“Á, creidim tú,” arsa an gréasaí, “ach ní lú a chuireas-sa taoibhín ar bhuatais ná ar bhróig cansailéarsa go dtí inniubh².”

Bhí sé maith a dhóthain do. Fuair sé ana-phléisiúr do.

Ceathrar sagart gan a bheith sainteach³,
ceathrar Francach gan a bheith buí,
ceathrar gréasaithe gan a bheith bréagach,
sin dhá réag ná faighinn sa tír.

¹ Is é seo an t-aon scéilín amháin amach as na scéilíní ar fad a bhí ag Seán Mac Criomhthain ar Dhónall Ó Conaill nach bhfuil áirithe ag Rionach Uí hÓgáin in *An Rí gan Choróin: Dónall Ó Conaill sa Bhéaloideas*. Thagair sí do scéal eile ina bhfaigheann gréasaí bua ar Dhónall áfach, MI J1210 Clever man puts another out of countenance á lua aici leis, agus an méid a thugann sí faoi deara sa trácht di féin, baineann sé le hábhar anseo chomh maith: “is annamh a tharlaíonn sé go mbuaítear ar Dhónall Ó Conaill... is eisceacht é an scéal seo sa mhéid nach bhfuil aon léiriú ann ar chlisteacht Dhónaill mar atá sna scéalta eile ina leith” (Uí hÓgáin, 1984: 207).

² Tá an-dealramh ag an scéilín seo le ‘Tabhair bearradh rí nó rudaire orm’ in §66 | CBÉ, 1178: 479.

³ Móitíf na cléire saintí, c.f. A1370.

Deireadh duine fadó nár chualaigh sé riamh aon cheol ba bhinne leis ná sclábhaí a bheadh tuirseach a chloisint ag srantarnaigh. An bhfeadairís cad é an galar is measa ag imeacht? Leisce a leanann dúchas. Is dócha go bhfuil sé tógálach.

*Ar chualaís ná raibh sé ceadaithe do mhac búistéara a bheith ina shagart?*¹

¹ Fágтар an cheist seo gan freagra sa lámhscríbhinn.

358. *Cailín ag dearbhú ar shagart – Dónall Ó Conaill*¹

7.1.45

CBÉ, 967: 207-210

Bhí cailín fadó ann, agus do bhí sí breabaithe age ministir chun dearbhú ar shagart, agus do chualaigh Dónall Ó Conaill é. Do chuaigh Dónall fé dhéin na háite. Bhí sé ag cur tuairisc an raibh aon bhithiúnaigh maithe timpeall. Dúrtas leis go raibh.

“An mbeadh aon chuntas agaibh,” arsa Dónall, “ar an mbeirt bhithiúnach is fearr ann?”

Do fuair sé tuairisc ar an mbeirt ab fhearr a bhí ann.

“Ná raghfá ag triall orthu, agus a rá go bhfuilim ag glaoch orthu?”

“Raghaidh mé,” arsa é sin.

Do chuaigh, agus dúirt sé leo go dteastaigh ó Dhónall Ó Conaill iad a dh'fhiscint.

“Dhera, is amhla a theastaigh bhuaidh sin sinn a chrochadh,” arsa duine acu.

“Ní raibh san ar tí éinne riamh a chrochadh,” arsa an duine eile.

“Raghaimid ag triall air.”

Chuar. Chuir Dónall fáilthe rompu.

“An bhfuil aithne agaibh ar an gcailín seo,” arsa é sin, “athá chun dearbhú ar an sagart?”

“Tá, go maith,” arsa iad san.

“An dóigh libh an bhféadfadh sibh an póca athá ar a cliathán san a ghoid lá na cúirte?”

Níl aon bhean ná bíodh póca ar a cliathán an uair sin.

“Ná bíodh eagla ort,” arsa duine acu.

Nuair a bhíodar ag dul isteach go tig na cúirte, do bhí an dá bhithiúnach ar gach taobh don doras.

¹ Tharlódh go bhfuil leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe ag Uí hÓgáin, agus is iad na móitífeanna idirnáisiúnta a d'aithin sí a bheith ann ná MI: J1151 Testimony of witness cleverly discredited agus J1157 Bribed witness nonplussed when judge asks wrong question. Díol suntais di ab ea é ná nach dtuigeann cailín an leagain seo "go bhfuil aon fhianaise ag Dónall ina choinne" i dtosach. Tá sé áirithe mar cheann de "[h]réithe do-athraithe" an scéil ag Uí hÓgáin go "socraíonn Dónall Ó Conaill go ngoidfear nóta ón gcailín seo... [agus] faigheann Dónall an bua sa chás cé gur cosúil go raibh sé dian go maith air sin a dhéanamh." Naoi leagan ar fad a bhí le fáil sa tír dar le hUí hÓgáin, sé cinn i nGaeilge, agus trí cinn i mBéarla, agus i dtrí chontae éagsúla. I gContae an Chábháin, bhí leaganacha le fáil in CBÉ, 1787: 208-209, in CBÉ, 1803: 130 agus in CBÉ, 1806: 229-31; i gCiarraí, bhí leaganacha le fáil in CBÉ, 702: 220-221, in CBÉ, 834: 171-175, in CBÉ, 963: 99-106, CBÉ, 967: 207-210 agus in Ó Súilleabháin, 1936: 265-6; i gContae na Mí, in CBÉ, 557: 577-87), (Uí hÓgáin, 1984: 167-170).

Do *phressáladar* an *lady*, agus go ghearradar an bheilt a bhí timpeall a cabhlach, agus do thugadar leo an póca, agus do chuadar go dtí Dónall leis an bpóca. D'oscail Dónall an póca, agus do bhí nóta istigh ann saighneáltha ag an ministir leis an oiread san airgid a thabhairt, di ach dearbhú ar an sagart. Bhuaile Dónall chuige an póca. Do chuaigh sé isteach i dtig na cúirte. Do chuaigh sé sin ar an mbinse, agus do dhearbhaigh sí ar an sagart. Bhí Dónall ag féachaint uirthi.

“Is dóigh liom gur cailín creidiúnach macánta thú,” arsa Dónall.

“Is ea,” arsa í sin.

“Is dóigh liom go ndearbhófá rud ná beadh i gceist in aon chor,” arsa Dónall.

“Ní dhearbhoínn,” arsa í sin.

“Is dóigh liom,” arsa Dónall, “go ndearbhófá go bhfuil póca ar do chliathán.”

“Do dhearbhoínn,” arsa í sin.

“Dearbhaigh,” arsa Dónall.

Do dhearbhaigh.

“Cail do phóca?” arsa Dónall.

Do bhí sí ag cuardach, is ní raibh an póca lé fáilt. Tháinig crith cos is lámh uirthi. Thairrig Dónall amach an póca.

“Ab é sin do phóca?” arsa Dónall.

Ní fhéad sí aon fhocal a labhairt. Shín Dónall an póca suas go dtí an mbreitheamh.

“Oscail é sin a Thiarna breithimh,” arsa Dónall.

Do dh'oscail an breitheamh é, agus do fuair sé an nóta istigh saighneáltha ag an ministir leis an oiread sin airgid, ach dearbhú ar an sagart. D'fhéach sé uirthi, agus d'ordaigh sé breith uirthi, agus í a thógaint, agus í a bhualadh isteach i bpríosún ar feadh a saoil, agus nách é a bhí tuillte aici ach amháin í a chrochadh ar fad. Ba mhór an ceann síos ar an ministir é, agus é istigh. Ba thairbheach an iarracht a dhein Dónall Ó Conaill. Is mó maith a dhein sé riamh, agus dá ghearánaí atháthars ar bhithiúnaigh, ba mhór an mhaith a dhein an bheirt bhithiúnach. Is iad a dhein an mhaith ar fad.

359. *Tionóntaí a lamhach Tiarna Talún – Dónall Ó Cónaill*¹

7.1.45

CBÉ, 967: 259-263

Bhí feirmeoir fadó ann, agus theastaigh ón dtiarna talún é a chuir amach as a chuid talún, gur theastaigh sé bhuaidh féin. Bhí cíós ag an bhfeirmeoir á dhíol, agus chuir sé suas do é a thógaint bhuaidh. Do chuaigh sé chuige aon lá amháin. Bhí sé istigh san oifig, an tiarna talún, agus an *t-agent*, agus a mhac.

“B’fhearr duit an cíós a thógaint uaim,” arsa é sin.

“Ní thógfaidh mé,” arsa an tiarna talún.

“Tóg é sin mar sin,” arsa é sin, ag scaoileadh an ghaoth tríd, agus á leagadh istigh san oifig.

Bhailimh sé leis. Ní fada a chuaigh nuair a rugadh air. Buaileadh isteach i bpríosún é. Ba dheacair é a thabhairt saor. Bhí a mhac fhéin ag féachaint air á mharú, agus an *t-agent*. Do dh'imigh a bhean san, agus do bhain sí amach Dónall Ó Conaill. Bhí Dónall, bhí an scéal cloiste aige. Ní go dtí leabhar a théadh Dónall in aon chor ag foghlaim cad a dhéanfaidh sé, ach síneadh ar f[h]leasc a dhroma in airde ar chúits. Bhí sé in airde ar an gcúits, sínte ar f[h]leasc a dhroma nuair a tháinig sé isteach. Do bheannaigh sí. D'eachtraigh sí dhóibh cad a bhí uirthi.

“Tá sé cloiste againn,” arsa Dónall, “is dócha nách féidir é a thabhairt saor.”

“Is dócha ná fuil²,” arsa í sin, “mara dtabharfairse saor é.”

“Tá sé ana-chruaidh,” arsa Dónall, “bhí beirt fínnéithe ag féachaint air, dréir deabhraimh. Ná téire ina ghaire anois,” arsa Dónall, “go dtí lá na cúirte, agus is dócha go ndéinis suas tú

¹ “Tá a laghad leaganacha i gceist”, arsa Uí hÓgáin, “nach féidir mórán suntais a thabhairt don provenance, seachas gur i gCiarraí (3 leagan) agus i nGaillimh (4 leagan) is coitianta atá fáil ar an scéal.” Dealraíonn sé gur naoi leagan ar fad tá ann, “7 i nGaeilge agus 2 i mBéarla.” Níor deineadh aon fhaillí ar leagan seo an Chriomhthanaigh, agus is é a dúirt Uí hÓgáin ina thaobh ná go bhfuil “míniú” nó “leithscéal” ann, murab ionann agus na leaganacha eile, sa tslí is go ndeirtear ann “gur mharaigh feirmeoir tiarna talún a bhí ag iarraidh an ruaig a chur air, cé gur fhéad sé an cíós a íoc. B’fhéidir sa chás seo, mar sin, gur troid in aghaidh éagóra atá ar siúl ag Dónall sa chúirt... i ngach leagan, mionnaíonn an bhean in aghaidh a fear céile.... i leagan amháin [(CBÉ, 78: 99-101)], is é Dónall an breitheamh.” Is iad na móitífeanna idirnáisiúnta a aithnítear a bheith sa scéal seo ná “(M1): J1150 Cleverness connected with the giving of evidence; K2150 Innocent made to appear guilty”, agus deirtear linn sa staidéar seo gurb “í clisteacht Dhónaill sa chúirt a léirítear anseo. Cé go bhfuil an fear ciontach i gcoir i ngach uile cás, éiríonn le Dónall é a shaoradh. Tagann sé timpeall ar an bhfrinne – déanann aibhéil de – agus cruthaíonn sé nach bhfuil an fhírinne fíor! Is cuid bhunúsach an méid seo de thuiscint Dhónaill ar an dlí, agus ar a chumhacht, cúrsa na cúirte a athrú le go bhfeilfidh an réiteach é féin,” (Uí hÓgáin, 1984: 151-154).

² ‘féidir’ mar cheartúchán ag SÓD.

fhéin go maith an lá a bhí an pósadh. Lá na cúirte, dein suas tú féin níos fearr, agus téire go tig na cúirte, agus ná bíodh aon chuma bhrónach ort, agus nuair a bheidh a chás ar siúl, fiarthódsá dho an dtáinís-se ar a thuairisc faid a bhí sé istigh. Déarfaidh sé nár tháinís. Fiarthóidh mé dho an bhfuileann tú i dtig na cúirte. N'fheadair sé an mbeir nó ná beir. Nuair a dh'fhiarthódsá an bhfuil an bhean so i dtig na cúirte, freagair mé go tapaidh, agus fiarthóidh mé díot an dóigh leat gurb é seo a mhairbh an tiarna talún. Abair go bhfuileann tú lán siúráltha go mba é a mhairbh é.”

“I gcuntais Dé,” arsa í sin, “ná crochfadh san láithreach é.”

“Dein rud ormsa,” arsa Dónall, “nó mara ndéanfair, beidh sé crochta.”

Tháinig lá na cúirte, agus sara dtáinig lá na cúirte, bhí Dónall ag cuir tuairisc an raibh aon bhithiúnaigh maith timpeall. Dúrtas leis go raibh.

“An bhfuil aon aithne agaibh ar an mbeirt is fearr acu?” arsa Dónall.

“Tá,” arsa iad san.

“Á raghadh duine acu chúthu, agus a rá leo go dteastódh bhuam iad a dh'fheiscint.”

“Raghadsa,” arsa duine acu.

Do chuaigh. D'eachtraigh sé an scéal don dá bhithiúnach.

“Dhera, is amhla a theastaíonn bhuaidh sinn a chrochadh,” arsa duine acu.

“Ní raibh Dónall Ó Conaill ar tí éinne riamh a chrochadh,” arsa an duine eile, “raghaimid.”

Do chuadar. Chuir Dónall fáilthe rompu.

“An bithiúnaigh mhaith sibh?” arsa Dónall.

“Táimid go maith,” arsa iad san.

“An bhfuil aithne agaibh ar an mbean so ag dearbhú ar an sagart?”¹

Do bhí an cás ar siúl. Do dhearbhaigh an *t-agent*, agus mac an tiarna go rabhadar ag féachaint air é á lamhach.

“An gcuaigh do bhean ar do thuairisc,” arsa Dónall, “a fhaid is tánn tú istigh?”

¹ Trácht ó SÓD : “bean a bhí ag dearbhú ar an sagart. Rithfhocail iad so. Rithfhocail.”

“Níor chuaigh,” arsa é sin.

“An bhfuil sí i dtig na cúirte inniubh?” arsa Dónall.

“N’fheadar an bhfuil,” arsa é sin, “nó ná fuil.”

“An bhfuil an bhean so i dtig na cúirte?” arsa Dónal.

“Tá,” arsa í sin.

Bhuail sí suas.

“An dóigh leat gurb é seo a mhairbh an tiarna?”

“Táim lánsiúráltha,” arsa í sin, “gurb é.”

D’fhéach Dónall suas ar an mbreitheamh.

“A thiarna breithimh, an gcíonn tú í sin mar bhean?”

“An gcíonn tú an bhean bhreá san,” arsa é sin, “agus féach ar mhac an tiarna ansan, agus an t-*agent* breabaithe aige chun dearbhú ar an bhfear bocht san go mbeidís fhéin agena chéile.”

“Bailídh libh bhuam,” arsa an breitheamh, “tá sé ana-dhealraitheach.”

Tháinig sé saor. Ba mhaith é Dónall Ó Conaill.

360. *Dónal Ó Conaill agus bean tig an ósta*¹ | *Dónall Ó Conaill agus an dá bhullán*

7.1.45

CBÉ, 967: 224-226

Chuaigh seisear buachaillí lá isteach i dtig i mbaile mór, agus d'ordaigh duine acu punt feola a chuir síos dos gach éinne acu, agus té, agus arán. Bhí ar gach éinne díol as a chuid fhéin. Bhí duine dhos na buachaillí, agus níor bhlaiss sé aon fheoil mar ní raibh oiread aige agus a dhíolfadh aisti, ach do dh'ól sé a bhraon té, agus d'ith sé blúire aráin, agus do dhíol astu san, is ní thógfaí bhuaidh é gan fiacha an phunt feola. Dúirt sé nár bhlaiss sé an fheoil. Tháinig bean an tsiopa ar an ndoras, agus do bhain sí a hata dho, agus d'imigh an chuid eile dhos na buachaillí. Chinnibh sí ansan é. Do ghaibh Dónall Ó Conaill an tsráid, agus do chualaigh sé an argóint. D'fhiarthaigh sé dho cad a bhí orthu.

“A leithéid seo,” arsa é sin.

“Agus ná díolfá í?” arsa Dónall.

“Níor bhlaiss an fheoil,” arsa é sin, “ní raibh éinní agam a dhíolfadh aisti, ach dhíolas as an méid a dh'itheas!”

¹ Bhí an leagan seo bailithe ag Seán ó Dubhda in CBÉ, 621: 157-159 faoin teideal ‘Buachaillí ag ithe bídh, bean an tí ósta agus Dónall Ó Conaill’, agus d’fhoilsigh sé an leagan sin in *Béaloideas* ina dhiaidh sin (1941: 122). Tugadh an nóta seo a leanas i dtaobh an leagain áirithe sin den scéal in *Folktales of Ireland* ina raibh aistriúchán Béarla den scéal curtha ar fáil ag Seán Ó Súilleabháin: “This is another example of the cleverness attributed to Daniel O’Connell as a lawyer. The tale has been recorded also in Italy, Japan, India, and Indonesia. For the tale as told by American Negroes see R. M. Dorson, *Negro Folktales in Michigan*, pp. 60-61 and note 30, p.212. Motif: J1172.2, ‘Payment with the clink of money’ (ibid: 273). Sholáthair Ríonach Uí hÓgáin an buntéacs Gaeilge sin ina iomláine in *An Rí Gan Choróin* agus ‘Boladh na Feola’ mar theideal air, agus tagairt chomh maith aici do thras-scríobh Sheosaimh Uí Dhálaigh an eagráin seo. “2 leagan atá ann”, a scríobh Uí hÓgáin, “2 i nGaeilge, agus 1 i mBéarla. Bailíodh an scéal in dhá chontae: Ciarraí 2; Tiobraid Árann 1” (Uí hÓgáin, 1984: 120). Tá sé suaithinseach nach rabhthas deimhneitheach de ag an am gur Sheán Mac Criomhthain a bhí i gceist sa dá leagan: “Is ródhóighdhe gurb é an seanchaí céanna atá i gceist sa dá leagan as Ciarraí, ach ó tharla 8 mbliana idir an dá insint, áiríodh mar dhá leagan iad. Scéal idirnáisiúnta é: AT 1804 B (TIF). *Payment with the Clink of Money*. Irish version tells how a man paid (by jingling coins in his hands) for a poor meal which he had only smelled. Tá móitíf idirnáisiúnta ar leith ann (MI) chomh maith, a dhéanann cur síos ar an scéal seo: J1172.2 Payment with the clink of money. Man sued for payment for enjoyment of flavour of meat when roasting. Tá an scéal le fáil ag Pauli (1972), *Von Schimpf das 48. Ein Narr urteilt zu bezalen mit dem Klang*. Léiríonn an méid seo gur cinnte gur seanscéal é seo, a ndearnadh Ó Connallú air mar go raibh na móitífeanna ag teacht le Dónall Ó Conaill an phobail. Is cinnte go dtéann an scéal siar ar a laghad chomh fada leis an gcúigiú haois déag ós rud é gur san aois sin a mhair Pauli. Is sampla an-mhaith an scéal seo d’úsáid na seanscéalta, agus de iad a chur in oiriúint don ócáid sa chás seo d’Ó Conaill. Tá mórán leaganacha eile den scéal ann atá cláraithe in TIF, ach ní luaitear ainm Uí Chonaill iontu. Bheifi ag súil b’fhéidir, le níos mó leaganacha a mbeadh ainm Dhónaill Uí Chonaill iontu, ó tharla go luaitear a ainm leis an scéal ar chor ar bith. Tharlódh sé gurb iad na seanchaithe, nó athair Sheáin [Mhic Chriomhthain] i gCiarraí... a rinne Ó Connallú ar an scéal agus nár scaipeadh an insint áirithe seo ar AT 1804 B mar nár cheap an pobal go raibh an insint oiriúnach do Dhónall nó go raibh scéalta eile a thug léiriú níos fearr ar an gcunsailéir. Is dóigh, mar sin féin, go bhfuil an leagan seo níos coitianta ná mar a léiríonn an cúpla leagan a luaitear anseo. Is ar éigean a tharlódh insint mar seo i gCiarraí agus i dTiobraid Árann gan eolas a bheith air i gcontaetha eile chomh maith”, (Uí hÓgáin, 1984: 120-122).

“Ná tabharfá dho a hata mar sin,” arsa Dónall, “mara n-ith sé an fheoil?”

“Níor ghá dho í a dh'ithe,” arsa an bhean, “mar do bhí an boladh ag dul ina bholg.”

“Tá an ceart agat,” arsa Dónall.

Chuir Dónall a lámh ina phóca, agus thairrig sé aníos lán a dhoirn d'airgead bán.

“Tair anseo i leith chugham,” arsa é sin, “líon do bholg dá bholadh seo. Cuir bhuit an hata go tapaidh,” arsa é sin, “nó b'fhéidir go gcuirfinnse greim ort.”

Ba mhaith é Dónall Ó Conaill.

*Dónall Ó Conaill agus an dá bhullán*¹ III

Bhí buachaill eile ann, agus do chuaigh sé ar an aonach lé dhá bheithíoch. Bhí bullán bán aige, agus bullán dearg. Ghaibh búistéir chuige.

“An mór é fiacha an bhulláin bháin,” arsa é sin, “atá in aonacht² leis an mbullán dearg?”

“An oiread so,” arsa an buachaill.

Mharcáil sé an dá cheann, agus do thiomáin sé leis iad.

“Ar ndóthair, níor dhíolas leat ach ceann acu,” arsa an buachaill.

“Do dhíolais,” arsa é sin.

Ní bhfuair sé ach fiacha ceann acu, agus an dá cheann imithe bhuaidh. Ach do chuaigh an scéala timpeall gur chualaigh Dónall Ó Conaill é. Bhí Dónall ag máirseáil, agus chonaic sé an búistéir istigh, agus an bullán aige á mharú. Nuair a chrom sé ag baint an chroicinn don mbullán, do chuaigh

¹ D'fhoilsigh Seán Ó Dubhda leagan eile ón gCríomhthánach den eachtra seo faoin teideal ‘An Dá Bhulán’ in *Béaloideas* 11(1/2) 1941, lgh. 116-125, agus cloítear le teideal an Dubhdaigh i leagan an eagraí seo cé gur ‘Dónall Ó Conaill agus fear na mbeithíoch a dhíol’ a bhí baiste ag Seosamh Ó Dálaigh ar an mír ina lámhscríbhinn siúd. Tá bunleagan de leagan Uí Dhubhda le fáil in CBÉ, 621: 152-156, agus tá an dá leagan áirithe ag Ríonach Uí hÓgáin as an trí cinn, a deir sí, atá ar fáil: “i nGaeilge atá siad. Bailíodh leagan amháin i nGaillimh [CBÉ, 74: 420], agus dhá leagan i gCiarraí. Is ionann an an scéalaí sa dá leagan ó Chiarraí” (Uí hÓgáin, 1984: 212). Más ionann, b’ionann an scéalaí sa tríú leagan ó Chiarraí nach bhfuil áirithe in aon chor anseo, .i., taifeadadh fuaime a thóg Caomhín Ó Danachair ó chaint an Chríomhthánaigh agus atá le clos ar rian uimhir a trí den dlúthdhiosca. Craoladh an taifeadadh céanna ar chlár *An Saol ó Dheas* ar an 7 Meitheamh 2016 mar chuid de phlé ar an seanchas a bailíodh ó Sheán Mac Críomhthain. “Is iad na móitífeanna idirnáisiúnta atá ann (M1): J 1210 Clever man puts another out of countenance; J 1500 The cheater cheated; K 170 Deception through pseudo-simple bargain; Q 589 Punishment fitted to crime. Is é an cleas céanna a imrítear ar an bhfear bocht sa scéal seo a imrítear ar an bhfear bocht in Tobac go *Barra na Cluaise*. Fiafraítear den fhear bocht in Fiacha an Chinn céard atá uaidh ar an mbullán bán atá in éineacht leis an mbullán dearg. Imeartas focal atá ar siúl ag an mbúistéir anseo, agus tá míthuiscint ar an bhfear bocht saonta. Cabhraíonn Dónall leis an bhfear bocht atá thíos”, (1984: 212-213).

² l.s. ‘h-aoch’

Dónall isteach.

“An mór é fiacha an chinn?” arsa Dónall.

“An oiread so,” arsa an búistéir.

Bhí slaitín age Dónall, agus bhuail sé fuip don slaitín ar cheann an bhúistéara.

“Cuir ina leithéid seo dho áit chugham é,” arsa é sin.

D'imigh Dónall, agus nuair a bhí an croiceann bainte dhon mbullán, do chuir an búistéir san áit sin ceann an bhulláin lé teachtaire.

“Cad é seo agat?” arsa Dónall.

“Nár dh'ordaíos,” arsa an teachtaire, “dhon mbúistéir ceann an bhulláin a chuir chughat?”

“Ní hé a mharcálas,” arsa Dónall, “ach a cheann fhéin. Téire chuige, agus abair leis a a cheann a bheith anso go tapaidh chughamsa, nó an buachaill a dhíol as an mbullán.”

D'imigh an teachtaire, agus dhein an búistéir díol as an gceann eile dhos na bulláin. Ba mhaith é Dónall Ó Conaill.

361. *Eachtraí ar Eoghan Rua*

10.12.44

CBÉ, 966: 546-551

Bhí Eoghan Rua ag imeacht do fhéin lá, agus do casadh go dtí meitheal a bhí ag baint phrátaí é.

“Tánn sibh ag obair ana-dhian a fheara,” arsa é sin.

“Dhé mhuisse, ní mór dúinn oibriú dian,” arsa duine acu, “an bhaintreach bhocht gur léithi an talamh so, caithfidh sí an gort a bheith glan i gcionn trí lá aici. Tá sí lé glanadh amach as a cuid talún ag an dtiarna talún.”

“Bhuel,” arsa Eoghan, “is olc an scéal é sin, á ngeobhadh sibh ramhann dom, do luífinn libh.”

Fuaireadar ramhann do, agus do luigh sé leo. Tháinig sé chun dinnéir in aonacht leo.

“Nách mór an obair,” arsa é sin, “ná fuil aon duine aici a labharfadh di ná a thabharfadh aon chabhair di chun fanacht istigh.”

“Driotháir céile dhi is ea an *t-agent*,” arsa duine acu.

“Is olc an fear é,” arsa é sin.

Lá arna mháireach, bhíodar ag baint, agus do ghaibh an *t-agent* chúthu.

“Tánn sibh ag obair ana-dhian,” arsa an *t-agent*.

“Is dócha nách mór dúinn oibriú dian,” arsa Eoghan, “má tá an bhean bhocht lé glanadh amach i gcionn cúpla lá.”

“Tá,” arsa an *t-agent*.

“An bhfuil aon duine muinteartha aici?” arsa Eoghan.

“Driotháir chéile dhi is ea mise,” arsa an *t-agent*.

“Nách mór an obair ná fuileann tú ag déanamh aon obair di chun í a chinneáilt istigh.”

“Gadé an chabhair dom a bheith ag caint?” arsa an *t-agent*, “níl aon tor agam lé fáilt ón dtiarna.”

“Agus cad a dhéanfaidh an bhean bhocht,” arsa é sin, “nuair a chaithfear amach í?”

“Béarfadsa liom é,” arsa an t-agent, “tabharfaidh mé mo bhord féin dhi.”

“Is dóigh liom ar an méid trialach athá agam uirthi,” arsa Eoghan, “go mb'fhearr léi dul ag bailiú déirce ná dul ar bhord éinne. B'fhearra dhuit leitir a scríobh anois,” arsa é sin, “ní gá dhuit a chuir inti ach mar a déarfadsa leat.”

“Ní dhéanfaidh mé,” arsa an t-agent, “mar dh'aithneodh sé mo lámh.”

Ní raibh a thuilleadh ann ansan go dtí lá arna mháireach. Bhí Eoghan ag éirí ar maidin. Do chuaigh an bhaintreach go dtí an leaba chuige.

“Ab éinní athá ort?” arsa í sin.

“Ní hea,” arsa é sin, “beidh mé ag éirí láithreach fhéach an ngeobhfá páipéar dom, agus peann is dúch.”

Do fuair. Do scrígh sé dhá leitir.

“Cinnibh aithne mhaith orthu,” arsa é sin, “ná bíodh aon dearúd ort. Tabhair an leitir sin don tiarna talún, agus an leitir eile dhon siarriam. Bí tamall ón dtig ina gcoinnibh.”

An lá a bhíodar ag teacht chun í a chuir amach, d'imigh an bhaintreach. Bhí sí ina gcoinnibh ar an mbóthar. Shín sí leitir go dtí an tiarna, agus leitir go dtí an siarriam. Stopadh an capall, is chuadar á léamh. Is gearr gur fhéach an siarriam ar an *landlord*.

“Cad é an saghas leitir í sin agat?” arsa é sin, “an gcuais i bhfad uirthi?”

“Tá sí ar fad léite agam,” arsa é sin.

“Cas abhaile mar sin,” arsa é sin.

“Canathaobh?” arsa an tiarna.

“Tá dhá leabhar tugtha agamsa gan aon tseilbh a lorg ar an mbean san. Tá trí leabhar tugtha agatsa gan aon phingin cíosa a lorg uirthi, ach fé mar a shínfidh sí chughat.”

Níor thuig an tiarna é go dtí san. Chasadar abhaile.

“An bhfuil éinní agat?,” arsa é sin leis an mbaintreach.

“Tá gála cíosa,” arsa í sin.

“Tá rud maith,” arsa é sin.

Thug sí an gála cíosa dho, is chasadar abhaile. Ba thairbeach an fear di Eoghan bocht.

Ghaibh Eoghan Rua chun tig feirmeora oíche. Do fuair sé a bheith istigh ann. Bhíodh máistir scoile ages na feirmeoirí móra an uair sin istoíche ag múineadh a gclainne. Bhí máistir scoile ag an bhfeirmeoir seo, is é ag múineadh clainne. Chuir sé *task* éigint go dtí duine dhos na garsúin. Ní raibh sé aige. Do thairrig sé lé clabhta baise air, agus do chuir sé ceann eile chuige. Ní raibh sé aige. Thug sé clabhta eile dho.

“Tánn tú ródhian,” arsa é sin.

“Éist a ghriobalaigh,” arsa é sin.

“É, féadfairse griobalach a ghlaoch orm,” arsa Eoghan, “ach ba cheart duit gan a bheith mar sin. Teasáin an *tslate* athá agat.”

Fuair Eoghan an *tslate*, agus do scrígh sé *task* go dtí an máistir scoile, agus ní fhéadfadh sé meabhair ná ciall a dh'fháilt do. Dhein sé an tarna ceann, agus ní fhéadfadh sé meabhair ná ciall a dh'fháilt do.

“Is ea anois,” arsa Eoghan, “dá n-éireoinnse agus tarrac ortsa lé dhá chlabhta baise conas a thaitneodh sé leat? Ní ag tarrac clabhtaí ba cheart duit a bheith, ach an rud ná beadh age leanbh, é a mhúineadh dho, agus gan an mheabhair a bhaint as a cheann.”

“Bí ag cuir díot ar maidin amáireach,” arsa an feirmeoir leis an máistir scoile, “agus fan-se anso agamsa.”

“Déanfaidh sé seo do ghnó,” arsa Eoghan, “ach ba cheart do a bheith réasúnta. Ní fhéadfainnse fanacht in aon áit,” arsa Eoghan.

362. *Eoghan Rua agus Diarmuid na Bolgaí*

18.3.45

CBÉ, 968: 219-220

Nuair a dhein Eoghan Rua “seoithileó thóil” fadó, is mó ceathrú a bhí ann. Is dóigh liom go raibh hocht ceathrúna fichead ann¹. Ach nuair a thosnaigh sé air, dúirt sé go dtabharfadh sé nach aon tabharthas don leanbh, ach na trí tabharthaistí a thug na ríthe go dtí ár Slánaitheoir². Do thosnaigh sé. Bhí Diarmuid Ó Sé, file eile, ag faire air go raibh deireadh déanta aige.

“An bhfuil deireadh agat?” arsa Diarmuid.

“Tá,” arsa é sin.

“Siúd mar a chuirfinnse mo leanbh a chodladh,” arsa Diarmuid,

“i gcliabhán óir ar urlár shocair sic, ar bharr na gcraobh,

sa ghaoth á chrothadh, chun seoithileó mo chircín donn.”

¹ Trí cheathrú is fiche atá sa leagan in eagrán Bhreandáin Uí Bhuachalla de ‘Seothó, a Thoil, ná Goil go Fóill’, mar sin, ní raibh an Criomhthanach i bhfad ón gceart (Ó Buachalla, 2009: 12-15).

² Mheabhraigh Pádraig Ó hÉalaí dúinn gur airgead a thug na Trí Ríthe don leanbh Íosa, agus gur míniú é sin ar cad is cúis le daoine a bheith ag tabhairt airgid do leanbh nuashaolaithe. Aithníonn sé ceangal a bheith idir an chaint bhéaloidéasúil ar airgead a thabhairt do leanbh agus MI A1500 (Ó hÉalaí, 2012: 294) a bhaineann le “origin of customs.”

363. *Eoghan Rua agus Diarmuid Ó Mairneán*

7.1.45

CBÉ, 967: 204-205

Bhí fear dos na Brianaigh fadó ann, dos na Mairneánaigh, agus b'fhearr leis go mbeadh sé curtha ar na Brianaigh. Do chuaigh sé go dtí Eoghan Rua. Chuimhnigh sé gurb é is fearr a dhéanfadh é. Do tháinig Eoghan chuige, agus shuíodar síos. Dhein sé taoscán leitean do. Do chuir sé ar an mbord mias páirtí.

“Cá bhfaighidh mé an páirtí?” arsa Mairneán.

“Tabhair leat a leithéid seo,” arsa Eoghan, “tiocfadsa aríst.”

Do chuaigh, agus do tháinig beirt acu. Do chuaigh Mairneán ag déanamh leitean dóibh.

“Ná bac éinní go fóill,” arsa Eoghan, “go ndéanfaimid ár ngnó.”

“Tosnaigh,” arsa é sin leis an bhfear eile.

“Ní thosnóidh mé,” arsa an fear eile, “tosnaigh fhéin.”

“A Bhrianaigh,” arsa Eoghan, “do mhias agus do chupán,

agus id dhiabhal, athánn tú thiar idir do dhá shlinneán,

agus fan in ainm na seacht ndiabhal,

id Dhiarmuid Ó Mairneán,” ag éirí, agus ag bualadh an doras amach.

Bhí duine uasal eile ann, agus do bhí 'madáinín aige, agus do tháinig breoiteacht insan áit. Bhí sí ana-scartha ar fuaid na háite. Dúirt an duine uasal go mb'fhearra dhóibh imeacht go ceann tamaill, agus dul i dtaobh éigint eile ón mbreoiteacht. Ach bhíodar déanta suas chun imeacht. D'fhiarthaigh duine éigint cá raibh an 'madáinín. Cuardaíodh an 'madáinín, agus fuaireathas é. Do tháinig sé.

“Cad atá anois oraibh?” arsa an t-amadáinín.

“Tá,” arsa an duine uasal, “táimid chun imeacht in áit eile ón mbreoiteacht athá anso.”

“Dhera, a mháistir,” arsa an t-amadáinín, “ciacu is fearr an Dia athá ansan ná athá anso? Cloisim tú á rá go minic ná raibh ann, ach aon Dia amháin. Is dealraitheach go bhfuil Dia eile ansan.”

Stad an duine uasal.

“Deinmse amach,” arsa an ’madáinín, “ná fuil éinní ag tabhairt an bhreioiteacht insan áit ach amháin easpa bídh, agus dá mbeadh bia ages na rudaí bochta, ná beidíst breoite.”

Stad an duine uasal. Dúirt sé leis gach éinne stad. Chuaigh sé go dtí an chuid eile dhos na huaisle, agus do dheineadar suas eatharthu. Do thugadar bia go dtís na daoine bochta, agus dochtúirí, agus do scaradar an bhreioiteacht as an áit lé comhairle an amadáinín.

364. *Mise Eoghan Rua ón Móin Rua*

18.2.45

CBÉ, 967: 502-503

Do bhí Eoghan Rua in aimsir age feirmeoir, agus aon lá amháin, dúirt an feirmeoir leis dul leis an gcráin go dtí an collach. Dúirt sé leis ná raghadh sé chuige. ‘*Sir*’ a bhíodh aige leis ar gach aon rud. Do bhagair Eoghan leis an chráin, agus nuair a bhain sé amach fear an chollaigh:

“Cé hé tusa?” arsa fear an chollaigh.

“*Sir*, mise a tháinig go dtí *sir*, tusa,” arsa é sin, “lé *sir* muice go dtí *sir* collaigh.”

“Cuir díot, a dhiabhail blaigeaird,” arsa é sin.

Bhailimh sé leis. Do tháinig Eoghan abhaile.

“Níor scaoil súd an collach in aon chor chugham,” arsa é sin.

“Mar sin, níor thugais *sir* do,” arsa an feirmeoir.

“Á, ní bhfuair sé aon fhocal bhuam,” arsa é sin, “ach *sir*.”

“Is ea, caithfidh mé fhéin imeacht,” arsa an feirmeoir.

“Is ea, triallfaidh mé aríst é,” arsa Eoghan, “on diabhal *sir* a gheobhaidh sé.”

D'imigh Eoghan aríst leis an gcráin, agus sheoinseáladh Eoghan é fhéin. Ní aithneofa é nuair a bhuaileadh sé aríst leat¹. Nuair a tháinig sé:

“Cé hé tusa?” arsa fear an chollaigh.

“Mise Eoghan Rua,” arsa é sin, “ón Móin Rua,

buachaill fionn rua Hassett,

a tháinig lé cráin rua go dtí collach rua,

Liam Rua Hearcaigh.”

“On diabhail, a Eoghain,” arsa é sin, “tá siad ar fad déanta rua agat. Ní mar a chéile tusa, agus an blaigeard a ghaibh anso chugham ó chianaibh.”

¹ “Chloisinn go mbuaileadh Eoghan Rua leat anois, agus go mbuaileadh se leat aríst i gcionn leathuair a chloig, agus do dtabharfá an leabhar nárbh é an fear céanna é” a dúirt Seán in §48 | CBÉ, 1035: 267-269.

365. *Tá an paróiste ag an sagart, tá an chathair age Síomon*

31.12.44

CBÉ, 967: 82-83

Bhí sagart in Uíbh Ráthach fadó. Do bhí driotháir dho istigh sa chathair, agus nuair a bhíodh an sagart ar *stations* ann, d'fhiarthaigh sé cé bhuidh an té seo, agus cé bhuidh an t-arán so, cé bhuidh gach éinní a bhíodh acu. Marab ón ndriotháir é, ní bhíodh blas ná dath air. Do bhuid Eoghan Rua leis an sagart lá:

“Is ea, a Eoghain, an bhfuil aon scéal nódh agat?”

“Tá, mhúise a athair,” arsa Eoghan:

“Tá an paróiste ag an sagart,

tá an chathair age Síomon,

tá na daoine bocht á chreach,

is ní ligfeadh eagla dhóibh insint.”

Ón lá san amach, níor dh'fhiarthaigh an sagart cé bhuidh é seo ná é siúd.

366. *Ní ar a bheith bocht is measa dhúinn*

18.2.45

CBÉ, 967: 521-522

Bhí lá *stations* fadó ann. Do chuaigh Eoghan Rua ar na *stations*. Thug sé fé dhul ag faoistine. Chuir an sagart i ndeabhaidh a chúil é, go raghadh duine eile chuige. Do thug Eoghan aríst fé. Do chuir an sagart i ndeabhaidh a chúil é. Bhí Eoghan cráite ó bheith ag tabhairt fé. Bhí móin ar chliathán an tí. D'éirigh Eoghan, agus do shuigh sé ar an móin.

“Á,” arsa Eoghan, “ní ar a bheith bocht is measa dhúinn é,
ach an tarcaisne a leanann é, go raghaimid síos fén bhfód.

Má tá Críost mar an eaglais, níl aon bhrí ár ngnó.

B'fhéidir nárbh fhearr dul go dtí an tAifreann, ná síneadh ar an móin.”

“Ó, tair i leith Eoghain,” arsa an sagart.

Thug sé faoistine dho.

367. *Mister Bland agus Mister Stokes*

[?].6.44

CBÉ, 936: 400-401

Bhíodh Eoghan Rua agus na sagairt i gcónaí ag gabháilt dá chéile. Bhíodh na sagairt go léir sa mhullach air. Ghaibh sé Aoine Carghais go dtí tig an tsagairt seo, agus nuair a tháinig sé 'dtí béal an dorais, fuair sé boladh na feola, agus nuair a chuaigh sé isteach, bhí an fheoil ag róstadh ar an dtine. Bhí an sagart istigh, agus beirt daoine uaisle, agus do bhíodar ag féachaint ar Eoghan, agus do bhí an dá shúil ar Eoghan á chuir tríthi. Beirt Shasanach a bhí istigh, Mister Bland, agus Mister Stokes. D'aithnigh an sagart ar Eoghan go raibh an dá shúil á chuir tríd an bhfeoil aige, agus do ghlaoi sé i leataoibh air.

“Chonac ag féachaint ar an bhfeoil thú” ar seisean le hEoghan.

“Chonaicís,” arsa Eoghan, “mar ná raibh a fhios agat gur Aoine Carghais a bhí ann.”

“Bhí a fhios-sa,” ar seisean, “ach do ghaibh an bheirt daoine uaisle seo chugham, agus feoil is fearr leo¹.”

Stad Eoghan.

“Deirimse,” arsa Eoghan, “nách fíor Peadar ná Pól, ní fíor Muire Ógh ná a mac, ní fíor ná Pápa na Róimhe, más age Bland, ná is age Stokes atá an ceart.”

“Ó eist, eist,” arsa an sagart, “ná téir a thuilleadh.”

D'imigh lón, agus níor chuir an sagart san aon chuisteacht air as san amach.

1 l.s. 'léi'

368. *Filíocht Eoghain Ruaidh*

10.12.44

CBÉ, 966: 551-554

Bhí garsún fadó i mbun chaorach, agus thaibhrimh sé maidean Domhnaigh ar d[h]ul go dtí an tAifreann. Bhí an gadhar aige. ‘Sciúirdín’ ab ainm don ngarsún, agus ‘Diní’ ab ainm don ngadhar. Ach do chuaigh sé isteach ’on tsáipéal é fhéin, agus an gaidhrín, agus ba mhór aige an gaidhrín, agus ba mhór ag an ngaidhrín é. Do ghaibh an sagart anuas an sáipéal, agus do shatail sé ar an ngaidhrín, agus d’iompaign an gaidhrín timpeall, agus do rug sé ar lorga air. Do rug an sagart ar dhá chois air, agus do shmiot sé ar an bhfalla an gaidhrín, agus do mhairbh sé é. Ba dhubhach an lá age Sciúirdín é, a ghaidhrín a bheith marbh gan aon chuileachta eile aige ach é. Tréis an Aifrinn nuair a dh’iompaign an sagart amach an seanmóin, thairrig sé anuas an drochmhianach a bhí sa mhadra, agus ní fada a bhí sé ag an seanmóin nuair a labhair Eoghan. ‘Diní’ ab ainm don ngaidhrín.

“A Dhiní mhallaithe,” arsa Eoghan, “níorbh aistreach iad do chúrsaí,
teacht go dtí an tAifreann ar maidin lé humhlaíocht,
i gcoinnibh an fhalla do cheann gur brúdh í,
ach ní bás gan sagart a fuair do mhadrasa a Sciúirdín.”

“Dhera, ansan duit Eoghan Rua,” arsa an sagart.

“Is ann,” arsa Eoghan, “is nár fheicirse an clódóir.”

Duine bocht Eoghan ná fuair comhairle ó éinne,
níor thuig sé in am gur leamhnacht dhaor í.

Is mion, agus is minic a chuirinn chun mo bhríb í,
is go sathach na cuigne, níor chuireadar riamh braon do,

is an dtuigeann tú mo chás a bhean an tábhairne atá taobh liom?

Má thuigeann tú mo chás, cuir im láthair braon do,

go n-ólfad sláinte na mná atá ina haonar,

ag suí ar a *stool* fí dhrúcht na spéarach,

ag crú a bó, is ní dh'ólann sí braon do,

is an dtuigeann tú mo chás, a bhean an tábhairne atá taobh liom?

Is bó gan rith gan leacht gan lao í,

is bó mhór mhallaithe í, ná freagraíonn d'éinne,

is bó í go dtagann bruíonta dona droinn agus earball¹,

agus uisce na draoibe dá dhíol mar dhaorphuins,

is an dtuigeann tú mo chás a bhean an tábhairne atá taobh liom?

Cuirfeamna comhairí ar an mbó más féidir,

sagart ón Róimh fína chlócaí ghléigeal,

mara dtiocfaidh sé chughainn léna thiúin bhreá Bhéarla,

glaofaimíd chughainn dá crú ar an gcléireach,

is an dtuigeann tú mo chás a bhean an tábhairne atá taobh liom?

1 l.s. 'éirbach'

369. *Guistí agus an scláta iarrainn*

25.2.45

CBÉ, 968: 13-15

Bhí sé thíos insa Mhachaire, fear dos na Connors. Guistí Connor. An-fhile ab ea é¹. Bhí driotháir do in aice leis. Bhí an driotháir ag obair lá in aice na roilige. Sin é an áit go rabhadar ina gcónaí. Bhuaill scláta breá iarrainn leis an ndriotháir, agus do ghaibh Guistí chuige.

“Féach cad atá fachtá agam,” arsa é sin, “déanfaidh sé dhá ramhann dom.”

“Canta breá is ea é,” arsa Guistí, “ach an áit go bhfuairis é, níor mhaith liom aon láimh a bheith agam ann.”

Níor thug an driotháir aon ghéilleadh dho.

“Níl aon bhaol,” arsa Guisti, “ná gur canta breá é, ach san áit go bhfuil sé fachtá agat, b'fhearr liom gan aon déileáil a bheith agat leis in aice na roilige.”

I gcaitheamh na hoíche, ní ar aon leabaidh a chuaigh Guistí, agus d'fhan sé ag *wheeláil* go bhfeaca sé an driotháir imithe a chodladh, agus i gcionn tamaill, do chuaigh sé go dtí doras an driothár, agus cad é cnáimhseán a bhí air ar dtaobh amuigh do dhoras. Chuala sé ansan an driotháir istigh ag caint léna mhnaoi.

“Is ea,” arsa é sin leis fhéin, “tánn tú id dhúiseacht.”

“Cuir an canta sa teampall is giorra dhuit.”

“Ó, th'anam 'on diabhal,” arsa an driotháir léna mhnaoi, “bhí an ceart age Guistí. Go mbeire

¹ Ba é “Mícheál Guistí an Mhachaire Ó Conchubhair” an t-ainm iomlán a thug Seán Ó Dubhda sa sliocht beathaisnéiseach a bhí scríofa aige ina thaobh in *An Duanaire Duibhneach*: “Sa Mhachaire, in aice Chaisleán Ghriaire, do mhair Mícheál Ó Conchubhair – Guistí, file, sa chéad leath den naoú aois déag. Bhí leasainm ar gach treibh des na Conchubhraigh, mar do bhí a lán treabh acu ann. Na Guistí an treibh gur díobh an file. Seachas na Guistígh, bhí Cathaoirigh, na Ladhraigh, na Bánaigh, na Mantaigh, na Gaibhnigh, na hAodhanaigh, is mar sin dóibh, ar fuaid Chorca Dhuibhne, ach táid na hainmneacha san ag dul as aithne anois. Fear aerach scléipeach ar nós na bhfilí go léir sa tseana-shaol, dob ea an Guistí seo. Is mó eachtra íla insítear ina thaobh. Tá cuid mhór dar chum sé imithe gan tuairisc dá ghoireacht ó mhair sé. Níl a fhios agam cad é an chúis gur cuireadh ‘on phríosún é. Ní bhíodh ach “iarraim-cúis” sa tsaol úd chun duine a chur i bpríosún nó é a sheoladh go ‘Botany Bay’. Ní raibh sé ródheabhóideach i dtosach a shaoil más fíor a ndeireann sé féin san dán aithrise, ach do lean an greann é go dtí an anáil dheireannach nuair a d'iarr sé ar Dhia, “gan é a leigint go dtí Bateman ná isteach go [Yieldon]”, dhá athmháistir talún go raibh an ghráin ag na daoine orthu,” (Ó Dubhda, 1933: 85). “Dhá dhiabhal... atá in iofrann” a dúirt Seán Mac Criomhthain faoin duine seo, agus é i mbun seanchais ar an amhrán a chum Guistí mar fhaoistine dhó féin, §438 | CBÉ, 966: 521-525. Tá mórán dar chum Guistí in eagar ag Mícheál Ó Ruairc in *Dán is Céad ón Leitriúch* mar a bhfuil fo-líne bheathaisnéise le fáil againn ina thaobh: “Iascaire ba ea Guistí. Saghas feirmeora freisin. Bhíodh ba bainne aige,” (1998: 202).

an mhaidean ormsa mhuisse,” arsa é sin, “chuin an canta a chuir san áit sin.”

Ní a chodladh a chuaigh Guistí, ach ag faire, agus nuair a bhí an lá ag déanamh orthu, do chonaic sé an driotháir ag imeacht, agus ag caitheamh an chanta go dtí an áit a fuair sé é, agus d'imigh abhaile, agus ní raibh sé ach imithe abhaile nuair a sciob Guistí an canta, is d'ardaigh leis é. Bhí sé ag eachtraí dho Ghuistí lá arna mháireach air.

“Bhí an ceart agat,” arsa é sin le Guistí.

“Ó,” arsa Guistí, “ní ceart d'aon duine déileáil a bheith aige lé héinní in aice roilige.”

370. *Guistí Connor agus Seán Ó Flathartha*

31.12.44

CBÉ, 967: 84-88

Bhí file thíos insa Mhachaire. Ba é a ainm Guistí Connor. Do theastaigh dorn prátaí bhuidh. Do chuaigh sé go dtí fear do mhuintir Fhlatharta a bhí thíos. Bhí mórán dá threabhchas ina sagairt. Thugadar tamall ag caint i dteannta a chéile. I gcaitheamh na cainte dhóibh, bhí capall age Mac Uí Fhlatharta a bhí lán do speaibhiniú, agus is é an ainm a bhí air ‘Rambler’.

“Ach a mhic Sheáin Uí Fhlatharta,” arsa Guistí, “a fhir cheannasach bhreá shúgaigh, do *bhreed* na séimhfhear cneasta, ba m[h]inic ag léamh agus ag scrúdú.

Á dtabharfá pic dod chnapaibh dom, agus an Rambler a chuir á n-iompar, do leighisfinnse é ó speaibhiniú, ó dhathacha agus ó ghúnga.”

“Dhera a Ghuistí, gheobhaidh tú agus míle fáilte.”

Líonadh úim m[h]ór prátaí ar an Rambler, agus bhagair Guistí leis é. Ag gabháilt trí thráigh a bhí sé nuair a chuaigh an Rambler sa ghainimh, shín sé siar sa ghainimh. Bhí Guistí dubhach cráite. Chuaigh sé in airde ar stuaic gainimhe ag féachaint an gcífeadh sé éinne a dhéanfadh aon chabhair do. Ní fheaca. Tháinig sé aneas aríst, agus is é an áit a bhí Guistí ina chónaí i mBaile an Teampaill i gCill Sheanaigh.

“Mhuise, éirigh suas id sheasamh chugham,” arsa é sin, agus mo bheannacht duit go dtabharfad, agus tabharfaidh mé *fair play* fada dhuit, thíos i mBaile an Teampaill.”

“Ná fuil a fhios agat,” arsa an capall, “gur capall mé, agus paidear riamh ná dúrtsa, nár mhaith an cléireach sagairt mé, nuair a bheadh an clog á luascadh.

“Dhé mhaise,” arsa Guistí, “tá a fhios agam gur capall tú,
go bhfuil an ainnise ar do rumpa,
is bocht an scéal do Flaherty,
a bheith ag brath ort chun do chúnamh.

Ar an méid atá sé ag cailliúint leat,
á dtabharfadh sé do Mhichil é,
do thairrigeodh sí feamnach,
dá mbeadh gainimh ag dul ina súile”

Guistí i bpríosún

Bhí Guistí babhta eile, agus chuir cairdeas Chríost do i bpríosún é, is dócha gur pingíní éigint fiacha a bhí aige air. Bhí sé i bpríosún i dTrá Lí. Bhí sé cráite age préacháin as a chionn in airde nuair a théadh sé amach gach aon lá, ach aon tráthnóna amháin lé luí na hoíche, tháinig ceann do faoileáin an mhachaire as a chionn in airde á chaoineadh.

“Lé luí na hoíche,” ar seisean, “is ea a dhearcas an faoileán,
aniar gur stríoc sí go dtí an bpríosún, Ó,
do thit sí taoibh liom fé mar a dhéanfadh síbhean,
is do chrom ar mé a chaoineadh is ar shileadh dheor.

Nách róbhreá an ní é sochas préacháin a chíoraibh,
ó Bhaile Ó Síoda gan greann gan spórt,
agus beir bhuam líne nó dhó siar scríte,
agus nis dom muintir¹ go mairim beo.

1 l.s. 'bmuíntir'

Is cairdeas Críost dom, do mheas mé a dhíbirt,
ag cur thar taoide go brách fí bhrón,
ach táimse im *major*¹ as chionn gach éinne,
agus faighim mo bhéile trí huair is ló.

Thiar im dhúthaigh, bíonn bláth ar úll ann,
agus ceo ar na dumhachaibh, agus fearthain mhór,
bíonn meidhir ar mhaighdin ann go milis múinte,
agus ceol ag róinte go moch ar tráigh.

Tá glór na dtonn ann go briste brúite,
ag déanamh concais im dheabhaidh gach ló²
ag caoineadh an údair ar an bhfóidín dúchais,
agus gachara rúisc acu ar Oileán Bó.

In Iarthar Éireann, is ea a bheadsa go haerach,
i ngall mo chéachta, is mé ag leagadh fód,
go scríobhfainn véarsa comh binn lé héinne,
nó i bhfochair Uí Laoghaire, i dtig an tábhairne ag ól.

I bhféile³ gheal Bhríde, is ea, a raghadsa aríst chughaibh,
ar chur na síolta go doimhin fí an bhfód,
go dtabharfadsa oíche nó dhó dho Shíle,
san oileán aoibhinn mar a mbíodh an ceol.

1 l.s. 'bmajor'

2 Is déarthach go raibh na tonnaíocha á c[h]aoineadh, dar le “aside” ón gCríomhthanach.

3 l.s. 'mbhéil'

Beidh screabhacha¹ na duí romhainn mar shoilse²,
beidh ceol, agus rince againn ó ló go ló,
agus tabharfadsa oíche nó dhó dho Shíle,
san oileán aoibhinn mar a mbíodh an spórt³.

1 .i., 'scrabhanna'

2 l.s. "Sin iad go díreach a bheadh mar shoilse roimis" a dúirt an Criomhthanach mar "aside."

³ Dhá cheann de na hamhráin ar Ghuistí a foilsíodh in *Dán is Céad ón Leitriúch*, is leaganacha a bhí bailithe ag Seán Ó Dubhda ón gCriomhthanach a bhí i gceist: 'Aithris Guistí' (1998: 15) agus 'Amhrán Ghuistí i bPríosún Thrá Lí' (1998: 18-19).

371. *Guistí Connor ag ceannach caorach*

31.12.44

CBÉ, 967: 75-78

Bhí fear bocht thíos insa mhachaire fadó. File ab ea é. Guistí Connor ab ainm do. D'éirigh sé maidean lae Aonach an Chláir.

“Éirigh a Shíle,” arsa é sin léna bhean, “agus beirbh prátaí dhom.”

“Cad é an fuadar athá chughat?” arsa Síle.

“Ó, táim chun dul ar an aonach,” arsa é sin.

“Mhuise, cad ab áil leatsa dul ar an aonach,” arsa Síle, “cad atá agatsa chun dul ar an aonach?”

“Dhé, ná chualaís riamh,” arsa é sin, “dul ar aonach gan ghnó, agus an sosún a sheachaint.”

Beiríodh na prátaí dho, agus d'imigh sé, agus nuair a chuaigh sé ar an aonach, Aonach an Chláir, bhí sé ag máirseáil timpeall, agus do bhuail fear leis, agus caíora á dhíol aige. Peadar Ó Catháin ab ainm don bhfear a bheannaigh sé.

“Dia is Muire dhuit a Pheadair,” arsa é sin.

“Dia is Muire dhuit a Ghuistí,” arsa Peadar.

“Is ea, deárthaíonn sí sin gur caíora mhaith bainne í.”

“Is ea mhuise,” arsa Peadar.

“Is maith a theastódh sí bhuam. Cad atá bhuit uirthi?”

“Tá an oiread so,” arsa Peadar.

“Ceangail ansan í,” arsa é sin, “is téanam isteach. Béarfadsa liom an chaíora.”

Chuadar isteach, agus do ghlaigh Guistí ar leathphiúnt fuiscí, agus nuair a cuireadh leathphiúnt ar an gcontúirt chúthu:

“Fan socair anois,” arsa Guistí, “go ndíolfaidh mé as san tú.”

D'oscail sé a veast, agus chuir sé lámh ina phóca.

“Ó, tá go breá,” arsa é sin, “tóg isteach do chuid fuiscí aríst,” arsa é sin.

“Téiridhse amach a Pheadair, is díol do chaíora. Dhearúdas é.”

“Ní bheidh sé i gceist,” arsa Peadar.

Dhíol Peadar as an bhfuiscí. D’ól beirt acu i dteannta a chéile é.

“Tóg leat an chaíora anois,” arsa Peadar.

“Díolfaidh mé Dé Domhnaigh tú,” arsa Guistí, “ag an aifreann.”

Ní théadh Guistí bocht go dtí aon aifreann. Tháinig an Domhnach, is ní fheaca Peadar Guistí. Do tháinig seachtain is ní fheaca sé Guistí. D’imigh sé go ceann ráithe. Sheirbheáil sé Guistí. Do fuair sé *decree* air. Do ghluais Peadar, agus báille in aonacht leis, agus *decree* a chuir¹ ar an gcaíora. Nuair a dh’éirigh Guistí ar maidin, nuair a dh’oscail sé an doras, chonaic sé an bheirt amuigh. Bhí an chaíora ceangailte istigh sa tig.

“Mhuise, céad fáilthe romhaibh,” arsa Guistí, “tagáidh isteach.”

Thánadar isteach, agus ba é an t-urchar millte leis an mbáille aon lámh a bheith i nGuistí aige, mar bhí a fhios aige cad a gheobhadh sé.

“Éirigh a Shíle,” arsa Guistí, “agus cuir síos prátaí, agus fíogaigh dóibh seo.”

D’éirigh Síle, agus bheirbh sí na prátaí, agus na fíogaigh. Fíogaigh a ghlaonn siad ar mhadraí². Chuir sé chun boird iad. D’itheadar iad. Nuair a bhíodar ite acu, bhí an bhean ar fuaid an tí, agus ní raibh aon ana-chuma ar an mbean bhocht a bheith ag scarúint leis an gcaíora.

“Tháinig Peter cuíosach moch,” arsa é sin, “is do chuireas ina shuí é lé prátaí,

agus le fíogach goirt.

Do spailp sé cnísc³ ná déanfadh dom díth,

go mbéarfadh mo chaíora smaoiste moilt,

agus ó bhean an tí, cad é fáth do ghoil?”

“Dar fia a Ghuistí, ní dhéanfadsa aon díth anois ná go deo dhuit. Caith isteach ’on tine an

1 '[sic]' scríofa ag an Dálach tar éis an méid seo.

2 l.s. “madraí éisc” atá i gceist, dar le nóta ó SÓD.

3 l.s. An chuma ar an bhfocal seo gur ligeadh bearna ann i rith an chéad tras-scríobh, agus go bhfuarthas cabhair len í a líonadh ina dhiaidh sin.

decree sin.”

Ní raibh ón mbáille ach é. Caitheadh an *decree* isteach ’on tine, is bhailíodar leo. D’fhan an chaíora
age Guistí bocht.

372. *Deisbhéalaí Phiarais*

7.1.45

CBÉ, 967: 185-186

Bhí Piaras Feirtéar a bhí thiar sa Dún¹, agus chuaigh sé go Contae an Chláir, agus do d'fhuadaigh sé bean as. Do leanadh é, ach ní fhéadadar teacht i dtír, i mbád. Bhí comhla haiste thiar i gCuan an Choill. Chaitheadar filleadh aríst. Ní fhéadadar teacht isteach. Chualaís trácht thairis an gcomhla haiste. Ach do bhí saol maith aici i dteannta Phiarais.

Cad mar gheall ar an gcomhla haiste?

Á, n'fheadar, ach sin ar chuala mar gheall air. Ach do fuair sí bád, agus do cuireadh scéala go dtína muintir. Do tháinig an bhanarthla a thóg í, agus nuair a tháinig sí isteach, do dhein sí ar an mbád.

“Mo chreach mhór, agus mo bhrón,” arsa í sin, “mar do chonaicís riamh an dún, ná an t-aer as a chionn.”

Do bhí fíonn ar an súil sin, agus do bhí féasóg uirthi. D'éirigh banarthla Phiarais.

“Marbhán id chúl,” arsa í sin, “a choilichín ghránna an chluímh,
agus ní bhacfaidh mé riosc do shúl, má tháinig sí 'on Dún,
do fuair sí arán ann, agus lionn agus marcach álainn fíonn,
is nár chúr nár fhan sí as a chionn.”

1 “Dún an Fheirtéaragh” atá i gceist dar le SÓD.

373. *Eachtraithe ar Phiaras*

7.1.45

CBÉ, 967: 218-221

Bhí buachaill ann fadó, agus chuaigh sé go dtí Piaras Feirtéar. Dúirt sé leis go raghadh sé in aimsir chuige gan éinní ach filíocht a mhúineadh dho. Bhí sé ag obair age Piaras, agus nuair a bhí a théarma tugtha aige:

“Is ea,” arsa é sin lé Piaras, “tá mo théarma tugtha anois agam, agus níl aon fhilíocht fachta agam bhuaite.”

“Éirigh id shuí ar maidin,” arsa Piaras.

D'éirigh.

“Téanam,” arsa Piaras.

D'imíodar orthu, agus ghaibheadar síos chun na trá. Bhí faoileán, is í ina codladh ar a leathchois.

“Ó a mháistir,” arsa an buachaill, “féach an faoileán ina codladh ar a leathchois.”

“Tá,” arsa Piaras.

Nuair a chuadar tamall eile, do bhuail cailín leo, agus í á ní fhéin i dtobar.

“Ó a Mháistir, nách breá an dá chín atha ag an mbean san,” arsa an buachaill.

“Tá,” arsa Piaras.

D'imíodar. Bhaineadar amach Baile Eaglaise¹, agus do bhí fear ansan, agus é ag baint slata.

“Nách ait an t-am atha sé sin ag baint na slata,” arsa an buachaill.

“Ó, tánn tú id fhile déanta,” arsa Piaras.

“Conas?” arsa an buachaill.

Thugadar moltachán anuas ón gcnoc, agus lomra go talamh air.

“Nach breá an lomra atha ar an molthachán san,” arsa an buachaill.

“Tánn tú id fhile dhéanta,” arsa Piaras.

“Is deas é do lomra a chaíora,

1 l.s. “Bail' Eagailse”, baile i bParóiste Dhún Úrlann a deireann SÓD linn.

is deas iad do dhá chín a bhean,
ar a leathchois a chodlann¹ an faoileán,
agus sa gheimhreadh a gearrtar an tslat.”

Bhí a thuilleadh ann, ach sin a bhfuil agamsa dho.

Ghaibh fear go dtí Piaras Feirtéar fadó.

“Cad as a ghaibhis chughainn, a fhir mhaith?” arsa Piaras.

“Do ghaibheas anoir aniar i ndair² inné,” arsa é sin.

“Do bhí ártach breá folláin agat,” arsa Piaras.

Do ghaibh fear eile chuige.

“Cad as a ghaibhis chughainn?” arsa é sin.

“Ghaibheas anoir aniar aneas,” arsa é sin, “is ní rabhas riamh gan eas.”

“Scaoil bhuit feasta í,” arsa Piaras, “agus ná bí á hiompar.”

Bhí eas laistigh dá chasóig aige. Ghaibh fear eile chuige. Theastaigh bhuidh dul ag imirt cártaí.

Chuaigh beirt acu ag imirt le chéile. Do bhí Piaras rómhaith dho. Bhí sé go fuar dealbh ar maidin

age Piaras. Ach d'fhiarthaigh Piaras do ach a dtáinig sé gadé an ainm a bhí air.

“File folamh,” arsa é sin.

Nuair a bhí sé ag imeacht ar maidin:

“Is ea mhaise,” arsa Piaras, “is fear mar t'ainm tú ar maidin im fhágáilse.”

Bhí sé go fuar dealbh. Ghaibh fear eile chuige. D'fhiarthaigh Piaras do gadé an ainm a bhí air.

“Tá m'ainm chugham,” arsa é sin, “is mo shloinne as mo chionn.”

“Dé bheatha id shláinte a Chathaoir Uí Chába,” arsa Piaras¹.

1 l.s. 'chollan'

2 “i ndair” luaite mar nóta ag SÓD leis an bhfocal seo, agus ag deireadh an ranna seo, míníodh gur in ártach darai a ghaibh an phearsa seo go dtí Piaras.

374. *Pílear Connor*

[?].1.46

CBÉ, 979: 188-191

Pílear a bhí sa Daingean go dtugaidís Pílear Connor air. Ana-dhrochghéag ab ea é. Bhí fear ón áit ar theitheadh, agus chuaigh sé go Meoraice, agus lean Pílear Connor go Meoraice é, agus fuair sé amach thall é, agus thug sé leis 'on Daingean é. Do bhí buachaill eile ar teitheadh, agus bhí poll déanta agena athair thíos fé leac an tinteáin. Anuas ar an bpoll a bhí codladh acu go mbídís ag ithe na bprátaí. Thánadar ar a thuairisc oíche. Bhí sé ag ithe ina dteannta. Nuair a cnagadh amuigh, thóg sé in airde an chomhla, is scaoil sé síos é. Thánadar isteach ansan, is chuardaíodar an tig do. Ní raibh aon phioc le fáil do.

“Á, dá ba é an diabhal é,” arsa Pílear Connor, “tá sé istigh i dtaobh éigin.”

Thairrig sé le cic ar an gcomhla, is do chuir sé as an slí é. Bhí an fear bocht ina sheasamh thíos. Thógadar aníos é, is rugadar leo é. Bhí sé² insan ospidéal ansan insa deireadh. Bhí comhra bhreá dhaor ag feitheamh lena bhás. Bhí fear bocht ón áit seo ann, is do cailleadh é. Fuair muintir na háite scéala go raibh sé caillthe. Chuadar síos. do socraíodh isteach 'on chomhra é. Beartaíodh ansan ar é a chuir isteach 'on *deadhouse* go dtí lá arna mháireach. Bhí a ndóthain óltha acu. Thugadar leothu é, is chonaiceadar comhra bhreá Phílear Connor. Thógadar amach as an seana-chomhra é. Chuireadar isteach i gcomhra Phílear Connor é. Fágadh comhra an phúrhamhais age Pílear Connor pé uair a caillfaí é. Thugadar leo ar a nguaile lá arna mháireach é, is do chuireadar thuaidh i gCill Chuáin é.

¹ Macalla béaloideasúil as véarsa *ex tempore* a chum Cathaoir Mac Cába, cláirseoir ó Chontae an Chábháin, le beannú dá chara Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, cláirseoir eile, a tháinig ar a thuairisc chuige. Tá an véarsa ar fad le fáil in *Amhráin Chearbhalláin* atá curtha in eagar le Tomás Ó Máille (Mac Cába, 2014). ‘Cathaoir Mac Cába agus an Tomhas’ a thug Dáithí Ó hÓgáin ar an eachtra seo mar theideal. “Ceann de sna sua-scéilíní is mó a scaipeadh ar fuaid na hÉireann,” arsa Ó hÓgáin sa phlé ar an eachtra a bhfuil tagairt aige don leagan eile atá le fáil ón gCríomhthánach in §407 | CBÉ, 1035: 425-429 (Ó hÓgáin, 2015: 294). Ní raibh tagairt aici do leagan seo §373 | CBÉ, 967: 218-221, ach faoi mar a dúirt Ó hÓgáin féin, “tá breis is daicheadh sampla de bailithe” (ibid, 294). Dhearbhaigh Ó hÓgáin gur le Cathaoir Mac Cába a bhaineann an scéal seo: “dá réir seo, is amhlaidh a thug Cathaoir cuairt ar fhile eile... nuair a thugtar ainm don bhfile eile, is gnách gurb é an file is mó le rá sa bhéaloideas áitiúil é... Bíonn Piaras Feiritéar nó Eoghan Rua Ó Súilleabháin i gceist i gCiarraí, cuir i gcás, agus iad ag cur fáilte roimh Chathaoir Mac Cába, cé gur mhair fear acu dhá ghlún roimhe, agus an fear glún ina dhiaidh. Ba ag Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin ab fhearr a bheadh éileamh stairiúil ar pháirt sa mhiondráma seo, agus is é atá i gceist sa leagan is luaithe atá againn, ón mbliain 1830 nó mar sin”, (Ó hÓgáin, 2015: 294).

² .i., ‘Pílear Connor’

Bhí daoine muinteartha do Phílear Connor ansan. Is dóigh liom gur thoir ar na Dúnta¹ a bhíodar. Bhí mórán airgid acu. Thugaidís airgead d'éinne go dteastódh sé bhuathu ar an oiread san ioncaim a dh'fháilt. Do bhí airgead tógtha amach as an mbanc acu féin. Ach nuair a bhí a gcuid ioncaim ar fad bailithe isteach acu, bhailíodar leo is chuadar go Meiriceá. Bhí bean siúil ag imeacht timpeall anso go nglaoidís Máire an Bhata uirthi. Bhuaile sí lá le Pílear Connor.

“Is ea a Mháire, an bhfuil aon scéal nódh agat?” arsa é sin.

“Is agam atá sé mhuisse,” arsa Máire,

“Connors na nDúnta,

Connors an ioncaim,

do chreach an dúthaigh,

is do dh'imigh gan chuntas,

agus d'fhágadar na

bainc ag búirthigh.”

Trí chomhairle a thug Seana-Lord Ventry dá mhac agus é ar leabaidh an bháis:

“Ná pós bean gan spré,” a dúirt sé, “ná tairrig béal sagairt ort, ná mallacht baintrí.”

Ana-bhean cártaí ab ea Lady Ventry. Chuaigh sí go Sasana babhta, agus bhí sí ag imirt ann, agus scrígh sí abhaile 'dtí Lord Ventry, a fear, á rá leis go raibh an oiread san airgid buaite aici, iarracht mhór airgid. D'imigh sé lá arna mháireach, is ghreamaigh sé síos an talamh ina ainm féin. Nuair a chonaic sé an t-airgead trom a bhí á imirt aici, bhí a fhios má bhuafadh sí babhta go gcaillfeadh sí

babhta eile.

¹ “Baile i bParóiste Chinn Ard”, a deir SÓD linn.

375. *Maitiú an Chuilinn*

[?].6.44

CBÉ, 936: 388-390

An gcualaís riamh trácht thar Mhaitiú an Chuilinn¹ a bhí sa Daingean? Fear ana-shaibhir ab ea é a chloisinn. N’fheadar cad é an slí a bhí aige. Bhí sé pósta. Ní raibh sa tig ach é féin is a bhean, agus ní raibh aon mhuirear orthu. Bhíodar féin agus Lord Ventry ana-mhór lé chéile, ach thugadar cuireadh dinnéir lá do Lord Ventry, agus dona bhean, agus do thánadar, agus is dócha go raibh dinnéar maith acu, ní nach ionadh. Ach do bhí cheithre óir ar an mbord, agus coinnte iontu, agus bhí ana-mhórtas ar bhean Mhaitiú as na coinnteoirí, agus nuair ab fhada léithi go raibh bean an *lord* ag cuir aon nath iontu, do labhair sí.

“An bhfeacaís a leithéidí sin do choinnteoirí in aon áit riamh?” ar sise.

“Ó, do chonac,” arsa bean an *lord*, “tá coinnteoirí agam fhéin aige baile atá i bhfad níos luacmhaire ná iad.”

“Ba mhaith liom iad a dh’fheiscint,” arsa bean Mhaitiú.

“Ó teaspáinfeadsa dhuit iad,” ar sise, “tagáidh chugham chun dinnéir anois a leithéid seo lá, agus teaspáinfidh mé dhíbh iad.”

Beartaíodh ar an lá agus nuair a tháinig an lá, do chuaigh Maitiú agus a bhean go Baile an Ghóilín, agus nuair a bhí an dinnéar ullamh do tháinig bean an *lord*, agus do ghlaoih sí chúichi an ceathrar mac timpeall an bhoird, agus chuir sí coinneal i láimh gach duine acu..

“Ciacu is breátha do choinnteoirí, iad san,” ar sise, “ná do choinnteoirí-se?”

Dhera, shéid sí fuilshrón a leithéid do t[h]arcaisne a thabhairt di féin, agus do chuir sí suas a fear chun *challenge* comhraic² a chuir ar Lord Ventry mar gheall ar an dtarcaisne a tugadh dóibh, agus do chuaigh Maitiú an Chuilinn, agus Lord Ventry amach ar an bpáirc chun comhrac a chuir ar a chéile, ach do labhair Lord Ventry lé Maitiú.

“Anois a Mhaitiú,” ar seisean, “táimídne ana-mhór lé chéile, agus táimíd curtha chun

¹ l.s. ‘Chúilín’

² l.s. ‘cóiric’

comhraic anois age beirt bhan,” ar seisean, “agus má théimíd ag comhrac, marófar duine againn. Á maróinnse thusa anois,” ar seisean, “ní bheadh aon chuimhne aged bhean ort fé chionn mí, nú á marófása mise, ní chuimhneodh mo bhean orm, ach nách ait an gnó dhúinne dul ag troid lé chéile mar gheall orthu san.”

Stad Maitiú.

“Tá an ceart agat,” ar seisean.

Shín sé amach a lámh ’dtí Lord Ventry.

“Caithimíst as ár gceann é,” ar seisean, arsa Maitiú, “agus maithimíst fhéin dá chéile. Bíodh na mná ag gabháilt stealladh ar a chéile, ach níl aon chúis againne ar a chéile.”

Chuaigh Maitiú an Chuilinn agus a bhean abhaile dhóibh féin, ach is dócha ná raibh oiread measa aici ar na coinneoirí óir as san amach ná ar a cuid airgid.

376. *Lord Ventry agus luach an phráta*

[?].8.45

CBÉ, 977: 432-434

Bhí Lord Ventry babhta ag teacht, agus bhí duine uasal eile ina theannta. Chonaic sé leathphínne ar an mbóthar. Dúirt sé leis an ngíománach an capall a stop. Tháinig sé amach ag triall ar an leathphínne, is do bhí tiarna Bhaile an Ghóilín ag gáirí fé.

“Ó, is mór an ní is fiú leathphínne,” arsa é sin.

Ní fada don mbóthar a bhíodar nuair a chonaic an tiarna práta ar an mbóthar, is dúirt sé leis an ngíománach stad, dul amach, agus an práta san a thabhairt chuige. Sin é nuair a bhí na gáirí ar an nduine uasal eile.

“Is mó an ní is fiú an práta san,” arsa an tiarna, “ná an leathphínne.”

Thug sé leis an práta, agus nuair a tháinig sé, thug sé don ngarnóir a bhí aige an práta, agus dúirt sé leis gach a bhféadfadh sé a bhaint as san anois do scioltháin a bhaint, agus é a chur, agus aire mhaith a thabhairt do. Do dhein, agus do bhí dorn prátaí aige san athbhliain as an bpráta, agus dúirt sé leis an ngarnóir aire a thabhairt dóibh sin, agus iad a chur aríst. Bhí aire mhaith á thabhairt don bpráta, agus é ag tabhairt ordú i gcónaí dhon ngarnóir cuntas a choinneáil air. I gcionn cúig bliana ina dhia’ san, do tháinig an duine uasal céanna chuige.

“Is ea,” arsa an tiarna leis, “an bhfuil puinn déanta agat don leathphínne úd a fuairis ar an mbóthar fadó?”

“Níl éinní déanta agam di,” arsa é sin.

“Téanam,” arsa an tiarna leis.

Rug sé leis é. Bhí cúil bhreá phrátaí aige as shaothar an phráta. Sháin sé dho é.

“Is ea anois,” arsa é sin, “ciacu ab fhearr, an leathphínne, ná an práta?”

Bhí uafás ar an duine uasal.

377. *Clais Mhacha na nDamh*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 430-431

Tá Clais Mhacha na nDamh ar an gcnoc thuas i dteora an Chlocháin Duibh agus na Carraige. Bhíodh beithígh age Lord Ventry ar an gcnoc san fadó, agus aoire aige ina mbun, agus chaitheadh sé iad a bhailiú i dteannta a chéile gach aon oíche i gClais Mhacha na nDamh. Tráthnóna, bhí sé déanach nuair a chuaigh sé á mbailiú. Bhí ceann dos na beithígh ná fuair sé. D'imigh sé ar éirí an lae, agus do fuair sé i bhfad ó thuaidh í ar Chnoc an B[h]aile Loiscthe, agus í marbh. Do bhuail sé ar a dhrom an beithíoch, agus do thug sé go Clais Mhacha na nDamh. Thug sé leis í mar bhí eagla air ná tiocfadh aon tseirbhíseach le Lord Ventry ag féachaint uirthi go mbeadh a fhios aige ná raibh sí insa chlais an oíche sin, agus go mbeadh milleán air féin. Ní fhéadfá aon bheithíoch a chuir ar an gcnoc an uair sin faid a bhí beithígh an *lord* ann.

Seanchas pearsanta

378. *Báillí ón áit seo ag tógaint stoic*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 432-435

Turas a chuaigh triúr buachaillí ón áit seo 'on Leitriúch ag tógaint stoic do Lord Ventry. Bhí Mícheál ón bhFeothanaigh ann, agus beirt d'fhearaibh maithe eile. Cuireadh tarbh ar an nduí rompu. Nuair a chonaic an tarbh iad, do bhéic sé.

“Cad a dhéanfam anois?” arsa duine acu.

“Ambaiste,” arsa duine eile á fhreagairt, “déanfaimid teitheadh.”

“Á,” arsa Mac Uí Laoi, “tá ár n-ainm ar fuaid na hÉireann, agus má theithimid, ní bheidh aon mheas go deo aríst orainn.”

“Ambaiste,” arsa fear eile, “is cuma cad a dhéanfaidh an meas. Is measa linn an t-anam ná an meas.”

Theith beirt acu, acu do sheasaimh Mac Uí Laoi. Dhein an tarbh fé le buille. Bhí ana-mhaide aige. Bhuail sé insan adhairc é leis an maide. Chas an tarbh timpeall nuair a fuair sé an buille san adhairc. Le linn casta dho, rug sé ar earball air. Bhí gach aon stiall sa chliathán aige air, buille ar gach cliathán nú gur stiúraigh sé isteach 'on churrach é. Nuair a chuaigh an tarbh isteach i lár an churraigh, chuaigh sé síos 'dtína bholg i bhféith. Bhí sé ag rince anuas air gur mhúch sé é. Le linn m'athair a bheith óg é sin.

Seanathair m'athar, Dónall Mór. Bhí sé tráthnóna Domhnaigh, agus bhí an póna so thíos lán do stoc. Bhí bó le m'athair críonna ann. Bhí díolta aige le fear ar an gClochán Dubh ar cáirde. Ní fada a bhí sí aige nuair a tógadh í leis an gcíos. Tháinig fear an Chlocháin Duibh 'dtí m'athair críonna, agus dúirt sé go mbeadh sé gan fiacha a bhó, ach dá mbeadh sé do mhisneach aige í a thógaint aríst. Ach do chuadar go dtí an bpóna ach go háirithe, agus do thugadar leo í. Bó bhán ab ea í go raibh ceann bán uirthi. Ana-bhó. An lá a tháinig na *drive*-éirithe chun iad a thiomáint leo, bhí an bhó thall ag an gClochán Dubh i bpáirc a bhí ann. Johnny Mhicí Imleá an ceann a bhí orthu. Bhí Mícheál Ó Laoi ann. Dúirt m'athair críonna le m'athair, m'athair ina gharsún ag dul síos ag féachaint cad a

bheadh ar siúl thíos acu. Chuaigh m’athair síos. Dúirt sé ná féadfadh sé an dá shúil a thógaint do M[h]ícheál Laoi an lá san, a leithéid d’fhear le breáthacht, gunna féna ascaill aige.

“An bhfuil an stoc ar fad istigh agat?” arsa Johnny Mhicí leis an bpónaer.

“Táid siad ar fad istigh ach bó an Mhóinbhíolaigh a rug an diabhal san thuas leis, Peaid Criomhthain.”

“Téir is tabhair leat í,” arsa Johnny Mhicí leis.

“Ná raghfá-sa is í a thabhairt leat a Johnny,” arsa Mícheál Laoi. Má tá oiread stuif insa C[h]riomhthanach leis an méid a chonacsá roimis, an gcíonn tú an gunna san, scaoilfeadh sé tríot é. B’fhearr fanacht bhuaidh,” arsa é sin.

Níor bacadh an bhó. Thiomáineadar leo gach a raibh sa phóna. Bhí uncail do m’athair críonna i Mám Cúlach. Bhí m’athair críonna féin ann tamall, agus bhíodh lstaerí á chimeád aige. D’fhanadh buachaillí Lord Ventry ann, an mám in aice an Choma ar an dtaobh thiar de Thrá Lí. Seana-Lord. agus stadadh [sé] féin ann uaireanta. Bhí trí cinn do ghadhair age uncail m’athair críonna, agus is é an ainm a bhí ag an gclann orthu, “Frederick,” agus “Díó” agus “Major,” clann Lord Ventry. Nuair a stadadh na Ventrys ann, bhíodh an chlann ag fógairt ar an madraí, “bí amuigh a Mhajor a dhiabhail” a deiridís, ag tabhairt péac fés na Ventrys. Ó timpeall Uíbh Ráthaigh a tháinig na Criomhthanaigh. Thánadar go Mám Cúlach ar dtúis. M’athair críonna an chéad duine acu a tháinig anso. Ina chliamhain isteach a tháinig sé anso.

379. *An Seana-Chriomhthanach ar phósadh i mBaile an Ghóilín*

1.1.45

CBÉ, 967: 111-115

Bhí pósadh thiar i mBaile an Ghóilín fadó, duine dár gcomharsain, Baker ab ainm do. Do phós sé cailín dos na Granvilles. Dúirt an tiarna¹ leo an suipéar a bheith ite luath acu, go dtiocfadh sé fhéin agus na seirbhísigh tamall ar an bpósadh. Nuair a bhí an suipéar i leataoibh, do bhí an tig anachiúin.

“Is é an náire dhúinn,” arsa duine éigint, “an tig a bheith comh ciúin má thagann na huaisle agus gan amhrán ná éinní ar siúl.”

“Is mór an obair,” arsa duine éigint, “ná fuil an Criomhthanach ag labhairt, nó Peatsaí Baker.”

Tháinig Gearaltach a bhí i mBaile na hAbha ’dtí m’athair.

“B’fhearra duit amhrán éigint a shéideadh suas,” arsa é sin, “is gan é a bheith ina thig coirp againn.”

Do shéid sé suas an t-amhrán, agus is é an t-amhrán é, amhrán ‘Trason’. Ní raibh sé ach tosnaíthe nuair a tháinig an tiarna go dtí an ndoras. Bhí an tig trína chéile mar gheall ar an amhrán a bhí sa tsiúl aige.

“Aréir is mé go suanmhar, ag luí ar mo leaba suain dom,
Ag smaoineamh ar gach cruatan, im thuairim a bhí im chomhair,
lém thaoibh is ea a shín sí suas liom, an rí-bhean aoibhinn uasal,
gur bhinne liom a dánta ná ar chuala riamh don gceol.

Bhí a coisín deas i mbróigín, is a coimín cumtha córach,
a píop ba ghile a dhóigh liom ná an eala ar loch ag snámh,
bhí a guth comh binn lé smóilín, is a leaca mar an rósach,

¹ “Lord Ventry”, a shoiléirigh fo-nóta le SÓD.

is a cúilín crátach ómrach ag titeam léi go sáil.

D'fhiosraíos don rí-bhean, an bhfág an té ar díobh í,
an baile cuain dá mbíodh sí, nó an bean tú a thit i mbrón,
má ráinís im linnse comh déanach so san oíche,
gan éinne beo ár dtimpeall, ach í ag síorshileadh dheor.

An tú Palus nó an tú Vénus, do tháinig seal 'on Ghréig chughainn,
hóró, nó deaghdeo, deigh-bhean an ghleoidh,
nó an fíor gur tú *fair* Helen do bhí pósta ag Vulcan béaldubh¹,
t'ainm féin is méan liom, nó cá bhfuil ó do ghnó.

M'ainmse, más méan leat go blasta, as teanga Ghaeilge,
gur bean atá seal i bpéin mé, is gan éinne beo im threo,
ach go bhfuil mo chlann i ndaorbhroid, age clanna gall dá thraochadh,
is táimse fhéin im aonar, ag síorshileadh dheor.

Tá buairt m[h]ór is geallta pósta in iofrann idir namhdaibh,
tá ministirí ag damhas ann, is a ramharchoirp dá ndó,
ach don diabhal, a bheirimse an dream úd,
ag sleachtú do dheireadh fallsa, agus insint dóibh gan amhras,
conas go bhfuil scanradh ina gcomhair.

Gadé *clapáil* a dheineadh an tiarna nuair a deirtaí an méid sin.

¹ Tá tagairt don phearsa chéanna i gceathrú as amhrán a luaitear le Peadar Ó Doirnín dar theideal 'Méabha agus Mánas Buí' (De Rís, 1969: 31-33):

“Le Cú na nÉacht a d’imigh an spéirbhean gan spás ó Chú Raoi,
is le Mars na ngéarlann a d’imigh Venus gach tráth den oích’,
bhí Vulcan béaldubh go cinnte ag éad leis gach tráth fána mhnaoi,
is go n-imí Méabh gan fios a scéala le Mánas Buí.”

Tá Sasanaigh i dteannta, agus *Presbyterans* gallda,
tá an *Quaker* milis mealltha, gan amhras ann fé bhrón,
tá saidléaraí an bhranda, is a *seeker* crochta as crann ann,
tá an *Orangeman*, is a cheann do, agus é fannlag go leor.

Tá fórsáí móra i Londain, go hoiliúinte ag déanamh concais,
agus dréir mar a deirtear liomsa, ní dh'éireoidh sé sin leo,
mar tá gasra d'fhearaibh múinte ón Fhrainc sa tseilbh rompu,
atá éadrom tapaidh lúfar, agus nár chúl riamh sa ghleo.

Tá faobhar ina gclaíomh lé dúthracht, is piléir á ligeant chúthu,
gach n-aon dá mbíodh ag tnúth leo, ag súgradh is ag spórt,
ach go bhfuil an Duke of York is a thrúpaibh,
go fannlag tuirseach tabhartha.

Ach is é Peel a dhein an dúiseacht agus fhág iad súd fé bhrón.

380. *Bás máthar an Chriomhthanaigh*

[?].1.46

CBÉ, 979: 150-152

Bíonn daoine ag trácht ar speabhraídí, agus is ait na rudaí speabhraídí, agus tá bun éigin leo. Nuair a bhí mo mháthair ag fáil bháis, trís na speabhraídí a bhí uirthi, agus í ag dul chun deireadh, bhí sí ag caint, is an saol go léir aici á chuir trína chéile.

“Nách gránna an bhean í sin,” arsa í sin, “ná téann tamall éigin im chomhairí,” arsa í sin, ag ainmniú na mná, bean ó Chathair Deargáin, “féach ag imeacht síos an gort í,” arsa í sin, “an cóngar.”

Ach nuair a bhí an chomhairí ag gabháilt siar, ag dul go Cill Dromann, phrioc an driotháir críonna a bhí agem athair, cad a bhí ná an bhean chéanna ag gabháilt an gort síos¹. Nárbh ait an scéal é sin. Bhí soilse ag gabháilt an doras isteach, agus an diabhal síos ’on tseomra, agus í siúd cailithe. Cheithre lá roimis sin, bhí sí thíos i nGallros, i gcomhairí, agus nuair a bhí m’athair ag dul ’on chomhairí, dúirt sí leis gan dul i bhfad, go gcaithfeadh sé an sagart a thabhairt ’dtí an athair. Ach bhíodar thíos i nGallros, é féin agus driotháir di, uncail, agus Connor ón Muirígh.

“An mbeadh éinne ansan a chuirfeadh ceann dearg ar an bpíp seo?” arsa í sin.

Níor chuir sí sin cos pípe inaéal riamh, ach ’mhaith léithi ceann dearg a chuir ar an bpíp. Bhí a phíp dearg age m’athair.

“Seo píp ’uit,” arsa é sin le seana-bhlas uirthi.

Is amhla a chrom sí ar gháirí, is d’imigh sí bhuathu. Ach nuair a tháinig m’athair abhaile, bhí sí roimis.

“Is ea,” arsa í sin, “chughamsa a thabharfair an sagart.”

“Tá gnó mór agat do shagart,” arsa é sin, “aon bhean a chuaigh go Gallros ag siúl.”

“Is é an turas deireanach agam é,” arsa í sin, “milleadh mise inniubh,” arsa í sin.

Bhí sí ag gabháilt do dul ag triall ar an sagart, is b’ait leis í. Ach chuaigh. Do tháinig an sagart, agus

¹ Is mar sin a chuirtear an chomhréir dhébhríoch os ár gcomhair sa lámhscríbhinn. Is cosúil gurb é an driotháir críonna a phrioc an bhean a bhí ag gabháilt an gort síos.

dúirt se ná raibh aon ghnó aici le aon ola, ach dúirt sí an ola a chuir uirthi, ná hiarrfadh sí aon ola go deo aríst air. Chuir sé an ola uirthi, dhá lá nó trí lá a mhair sí. Nuair a chuaigh sí 'dtí an sagart chun teacht 'on chomhairí, tháinig dhá shúil don tsagart.

“Is ea,” arsa an sagart, “mara mbeadh me a bheith comh mór leat, an fhuip a gheofá an lá san a chuas ag triall uirthi. Níor chuireas an ola ar éinne riamh fós,” arsa é sin, “ná go mbeadh dealramh éigin báis air go dtí í.”

Dúirt sí an lá san le m'athair:

“Bím ag gabháilt duit,” a dúirt sí, “gan fanacht istigh ó aon chomhairí, agus feasta aríst, ná bí comh tugtha do d[h]ul iontu, mar níl aon chomhairí ná go mbeirtear duine as¹.”

¹ Is féidir comparáid a dhéanamh anseo le seanfhocal eile a bhí ag Seán: “níl aon chath ná go dtagann duine éigint as “, (§27 | CBÉ, 967: 216-217).

381. *Athair an Chriomhthanaigh agus Tobar na Saileach*

[?].7.45

CBÉ, 977: 245-246

Do bhí m'athair, trócaire air, tháinig cnapán ar a láimh. Bhí oiread práta ann. Ní raibh aon leigheas thoir ná thiar le fáil do. Ach bhí sé lá thuas ag baint aitinn. Do bhuail an tart é. Bhí tobar i mbun an chnoic ar dtaobh thuas don bpáirc. Tá sé in aice le seana-chlaí ná feadair aon tseandúine dá raibh ar an mbaile cé¹ hiad a thóg an claí sin, agus b'fhéidir ná fuil éinne suas anois go bhfuil a fhios aige cad é an ainm atá ar an gclaí, ach agamsa, Claí an Bhréagaire², agus tá an tobar in aice leis. D'ól sé deoch bhreá don dtobar, agus tuigeadh do gurb é an deoch é ba bhreátha a dh'ól sé riamh. Do bhí an tobar lán níneáil ghorm, agus do ghlan sé amach an tobar. Fuair sé scothán fraoigh, agus do scuab sé go maith é. Tháinig sé abhaile, is ní raibh sé leathshlí anuas nuair a tháinig an pian sa chnapán. Ní fhéad sé greim a dh'ithe age pian fé mar a bheadh spré thine anuas air. Do bhris an cnapán an oíche sin. Ach deireadh sé i gcónaí go raibh leigheas insa tobar, Tobar na Saileach, agus faid a bhí sé ábalta ar dhul ar an gcnoc, níl aon bhliain ná téadh sé, agus ghlanadh sé an tobar.

¹ l.s. 'ce'

² Tá seanchas ar an gclaí seo in §209 | CBÉ, 1035: 126-130 chomh maith. Má tá, ní haon léargas breise a d'fhág sé againn ar ionad beacht Thobar na Saileach.

382. *Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmaid?*

[?].10.47

CBÉ, 982: 352-353

“Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmaid,” tháinig sé sin amach i mbeailítí fadó. Bhí uncail domhsa ábalta ar é a léamh, agus bhí tamall ina dhiadh sin ná raibh aon Ghaelainn á mhúineadh ar na scoileanna. Nuair a bhí sé foghlamtha age m'athair ansan bhuaidh, chuaigh sé lá aonaigh 'on Daingean, agus bhí fear thíos ar an nDroichead Beag á ndíol.

“Cad athá orthu so?” arsa m'athair.

Niseadh do. Rug m'athair ar an mbeailít, s[h]éid sé suas an t-amhrán. Ní raibh m'athair ábalta ar é a léamh in aon chor, ach bhí sé ina cheann aige. Bhuail an fear lámh ar a ghualainn.

“Fan anso im theannta,” arsa é sin, “’dtí tráthnóna, agus tabharfadsa do phá go maith dhuit.”

Shín sé chuige an bheailít, agus d'fhág sé ansan é.

383. *Caid á bhualadh istoíche ar an gCill*

25.3.45

CBÉ, 968: 297-298

Bhíodh muintir na Muirí, agus Baile na nGall, bhídís ag bothántaíocht anso aníos ar an gCill fadó. Ach do thánadar oíche i dtig athá anso thiar, go nglaonn siad “an bheairic” air. Ní raibh éinne rompu.

“Is dócha,” arsa iad san, “gur i dtig an Chriomhthanaigh athá an chuid eile.”

Do ghluaiseadar, agus nuair a bhíodar ag gabháilt i leith, chonaiceadar scata ag gabháilt laistíos.

“Is ea,” arsa iad san, “is amhla atháid siad chun gabháilt an bóthar eile anuas, Bóthar na Bacaí.”

Do ghluaisíodar, agus san am go rabhadar leath an bhóthair aniar, do chualadar an chaid á bhualadh i ngort athá ansan thíos, cois na habhann.

384. *Amhrán d'fhoireann chaide an Daingin*

6.1.45

CBÉ, 967: 104

Do bhí m'athair lá i dTrá Lí. Bhí sé istigh sa Square i dTrá Lí. Do chonaic sé mná hataí ag teacht isteach, agus ag ceannach stropa seirdíní is cad é *rarity*. Ní féachtaí insan áit seo ar na seirdíní sin insan am san. Tháinig buachaillí Thrá Lí ina dhia' san ag imirt caide lé muintir an Daingin, agus má thánadar, do bhuaigh muintir an Daingin orthu go fairsing. Seachtain ina dhia' san, do chuaigh m'athair 'on Daingean, agus do bhuaill fear ón nDaingean leis.

“Ní fheaca anuas sibh lá an chaid,” arsa é sin.

“Ní rabhamair,” arsa m'athair leis.

“Níl aon mhaith ionaibh.”

Dhein muintir an Daingin an-obair. Thógadar dhá chúrsa gan aon mhoill ar mhuintir Thrá Lí.

“An ndeineabhair aon ní dhóibh?” arsa m'athair leis.

“Bhí deoch againn,” arsa é sin.

“Níl aon chuimhne air sin inniubh,” arsa m'athair.

“Cad eile?” arsa é sin.

“Canathaobh nár dheineabhair amhráin dóibh?”

“Ní fhéadfaimist é,” arsa é sin.

“Suairceas chuinn buachaillí an Daingin,” arsa m'athair, “do thug ceannas agus clú dhon áit,

mar is iad a thóg an dá c[h]úrsa go tapaidh,

ar na fearaibh a ghluais ón Spá.

Dá mbeinnse in aon chúinne dhon nDaingean,

nú im sheasamh i dtaobh don bpáirc,

do neosfainn a ngníomhartha go tapaidh,

a rí-acmhainn, agus lúth na gcnámha.

Ní seirdíní séimhe¹ do bheadh age ár bhfearaibh,
ach mairtfheoil róghléigeal nár chuaigh riamh 'on tsalann,
fuaireadar súghlach na heornan sa chéad rith dhon gcuirneacht,
bainne na ngabhar, is gan amhras, im dearg.

Tá fear insan áit agus is fada atá a ainm,
dá bhfaighinnse insa tsráid é, do shuífinn ina aice,
tá sé ana-chríonna, is dhéanfadh sé sinsearacht ar na fearaibh,
fadó a bheadh ár gcuimhne mórdtimpeall an Daingin.

Is é Micí Griffin mar a chuala ba luatha ar na fearaibh,
nuair a chuaigh sé ar an bpáirc, bhuail sé láimh ar a hata,
d'iompaigh sé timpeall, is d'éirigh ó thalamh,
do chuir sé an fear ab fhearr acu i ngátar an tsagairt.

Ar chualaís é sin?

¹ l.s. 'séithe'

385. *Capall Mhuintir Chriomhthain*

1.1.45

CBÉ, 967: 122-123

Bhí capall ansan thuas sa pháirc sin thuas in aice linn agem muintir¹ fadó. Ní mór ná gur chuimhin liom fhéinig é. Bhí clái maith ar an bpáirc. Ní fhéadfadh an capall dul amach as an bpáirc. Chuathas ag triall ar an gcapall. Ní raibh pioc don gcapall lé fáilt. Cuardaíodh gach aon ruaine dhon bpáirc, is níorbh fhéidir í a dh'fháilt abhaile. Níorbh fhada gur tháinig teachtaire chúthu go raibh sí ina leithéid seo 'o pháirc, ag tarrac ar leathmhíle ón bpáirc sin. Do chuaigh teachtaire ag triall ar an gcapall, agus do thiomáin sé roimis an capall anuas, agus nuair a tháinig an capall go dtí ceann an tí, do rith sí an bóithrín siar, agus nuair a chuaigh sí síos, bhí duine ina dhiaidh – nuair a chuaigh sí go dtí bóthar an rí, do lig sí ar an dteachttaire. Ní fheaca sé aon phioc di as san amach. Chaith sé teacht abhaile. Tréis é a theacht abhaile, d'fhéach sé suas. Is amhla a bhí an capall thuas insa pháirc ina seasamh.

1 l.s. 'bmuinntir'

386. *Cosán trí thig m'athair críonna*

4.3.45

CBÉ, 968: 90-92

Bhí m'athair críonna-sa, nuair a bhí sé ina chónaí anso fadó, ní raibh aon leanbh ag maireachtaint aige. Do bhí dhá thig ar an dtaobh eile dhon dtig. Do bhí tobar ar an dtaobh theas don tig. Tríd an urlár, tríd an dá dhoras a ghaibheadh lucht an dá thí ag dul ag triall ar uisce. Ach aon lá amháin, ghaibh bean alltacht isteach chuige.

“Níl aon leanbh ag maireachtaint agat,” arsa í sin.

“Níl,” arsa m'athair críonna.

“Níl,” arsa í sin, “agus ní bheidh mara ndúnfaidh tú ceann dos na doirse.”

Do dhún sé an doras a bhí ar dtaobh thuaidh. Níor cailleadh aon leanbh as san amach air.

Bhí driotháir dom, agus é trí bliana aoise. Do tháinig an triuch air. Bhí sé ana-shuarach. Níl aon oíche ná bíodh Paddy Connor a bhí ar an mbaile seo, bhíodh sé istigh ar a thuairisc. D'fhanadh sé tamall mór don oíche ann. Ach aon oíche amháin, dh'fhan sé ana-dhéanach.

“Ní mhairfidh sé go maidean in aon chor,” arsa é sin.

Dh'imigh sé, agus tamall tréis é a dh'imeacht, istigh sa tig a bhíodh an capall ages na daoíne an uair sin, do chuaigh m'athair amach ag triall ar p[h]íce aitinn don gcapall. Bhí cruach aitinn amuigh insa bhuaile aige. As cionn an chruach aitinn in airde ar an gclaí, bhí fear ina sheasamh. D'fhiarthaigh sé dho cé a bhí ansan. Ní bhfuair sé aon tor. Dh'fhiarthaigh sé aríst do é. Ní bhfuair sé aon tor. Thug sé fé an tríú huair leis an bpíce. D'imigh an fear, is ní raibh aon deabhadh mór air. Do lean sé é níosa shia ná dathad ramhann ón dtig, gan puinn deabhaidh air, is dar leis go dtiocfadh sé suas gach aon neomat leis chun an píce¹ a chuir ann¹ nuair nár thug sé aon tor air. Scaoil sé leis, is do tháinig sé

¹ l.s. 'phíce'

isteach. Bhí an leanbh ag gairí roimis nuair a tháinig sé isteach.

An dóigh leat cad é an fuadar a bhí fén bhfear san, ag déanamh leighis nó chun é a dh'ardú an bóthar? Chun é a dh'ardú an bóthar. Ach chuaigh an leanbh i bhfeabhais².

¹ “dtaobh a rá” scriosta sa l.s.

² [sic]

387. *Footcroft agus an coileach*¹

11.3.45

CBÉ, 968: 155-156

Do bhí máistir scoile ar an mbaile seo tá tamall maith ó shin. Níl aon lá ná oíche ná tugadh sé turas isteach orainn fhéin. Ach do bhí sé istigh tráthnóna ar bhuíú gréine. Do bhuail an coileach isteach, agus do tháinig sé² aníos, agus d'fhéach sé air, agus do chrom ar a bheith ag glaoch³. Triúr againn a bhí istigh, mise is m'athair, is é fhéin. Bhí m'athair ag caint mar gheall ar an gcoileach ag teacht comh déanach.

“Abair lé t'athair,” arsa é sin, “ná fuil aon díobháil ansan. Ní thagann coileach lé haon drochscéal.”

Do thosnaigh sé ansan ag cuir síos ar nuair a dh'éirigh sé aníos as an gcorcán. Do chuaigh sé abhaile. Do bhí sé ag eachtraí dhá mhnaoi ar an gcoileach. Ní raibh an chaint críochnaithe aige nuair a tháinig a choileach fhéin isteach, agus do dhein aníos, agus d'fhéach ar a bhean, agus do chrom ar a bheith ag glaoch gur dhein sé dhá ghlaio dhéag. D'fhéach sé, fhéach cad é an t-am a bhí sé, agus i gcionn trí lá, do bhí leitir chuige. B'shin é an neomat díreach a cailleadh athair a chéile.

¹ Tá sé spéisiúil nach luaitear an Slánaitheoir sa seanchas seo atá bunaithe ar scéal cráifeach. Tá cioradh níos mine ar an ngné chráifeach den mhír chéanna sa leagan eile a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh agus a cuireadh ar fáil in CBÉ, 1151: 266-267 agus i bhfo-nóta uaimse ann.

² I.s. 'sí' agus an ceartúchán seo againn ón scríobhaí.

³ Baineann móitíf ghlaio an choiligh le ATU 960 C, a deir Pádraig Ó hÉalaí linn (Ó hÉalaí, 2012: 142).

388. *Is mór an deifir a bhíonn idir shagairt*

18.3.45

CBÉ, 968: 183-187

Nuair a bhí an bóthar so siar á dhéanamh, níor mhaith an saol é. Bhí daoine bochta ag oibriú ann ar dhá thistiún. Bhí m'athairse fhéinig ann. Ach aon lá amháin, bhí *stations* ar an mbaile, agus dh'fhan sé ages na *stations*, agus tréis na *stations*, chuir sé dho ag rith. San am gur bhain sé amach iad, sin é an uair a bhí na hainmneacha á ghlaoch. Bhí sé ar an bhfód nuair a glaoth ar a ainm. Ach an stíobhaird a bhí orthu, *souper* ab ea é, ach do bhí eagla air go scéithfeadh duine éigint air. Dúirt sé leis:

“Anois a thána-sa,” ar seisean.

“An b'ea,” arsa é sin, “*stations* a bhí ar an mbaile.”

“Ahá a dhiabhail,” arsa é sin.

Chuir sé ceathrú air¹ nú níosa mhó. Bhí sé anuas sa mhullach air i rith na seachtaine, ceathrú á chuir gach aon lá air. Ní dh'oibirigh sé aon tseachtain faid is a bhí sé ar an mbóthar comh dian, agus do dh'oibrigh sé an tseachtain sin. Tráthnóna Dé Sathairn, nuair a bhíothars á ndíol, do chomhairigh beirt acu an t-airgead, agus is é an rud a bhí fachta aige, coróin. Ba mhór na *gleams*² a chuir Dia orthu. Dúirt sé lé sagart é ina dhia' san. Dúirt an sagart leis ná raibh sé ceart aige á chimeád. Bhí tig ósta thíos insa Leitriúch fadó, agus do bhí lá Domhnaigh, bhí cuileachta mhaith istigh ann. Bhí an *publican* lán do theaspach, airgead aige á dhéanamh, is a bholg lán d'fheoil ar scáth na ndaoine bochta. Bhí fear bocht ar an mbaile go raibh ana-dhúil i mbraon anairthe aige. Chuir sé teachtaire ag glaoch air, is faid a bhí an teachtaire ag glaoch air, dhein sé a chuid uisce síos i gcorcán an anairthe. Nuair a tháinig an duine bocht isteach, do fuair sé babhla dho. Nuair a bhí sé óltha aige is ea do dhein an *publican* scartadh gáire.

“Is ea,” arsa é sin, “tá sé lé rá agam gur ólais mo chuid uisce.”

¹ .i., “chiorraigh sé pá ceathrú lae é”, dar le míniú ó SÓD. Tá míniú níos iomláine ag an gCrimhthanach féin ar CBÉ, 1170: 170 mar a bhfuil cur síos eile ar an eachtra seo i gcomhthéacs an Drochshaoil: §414 | CBÉ, 1070: 153-184.

² l.s. ‘gleáms’. Leagan iolra den fhocal Béarla ‘gleam’ a bhí i gceist, ach leagan Gaelaithe de anseo ag an gCrimhthanach.

Tháinig spalladh lé náire ar an nduine bocht agus d'imigh sé. Cúpla maidean ina dhia' san, do bhí sé ag bailiú fheamnaí, agus pé féachaint a dhein sé isteach ar chliathán na faille, bhí poll isteach ann. Bhí rolla tobac istigh ann. Do thóg sé amach é, agus d'oscail sé amach é. Bhain sé dhá f[h]eá dho, agus do bhuail chuige é. Chuir sé isteach 'on pholl aríst an chuid eile dho. Do ghluais sé air. Do ghaibh sé isteach i dtig a bhí sa tslí roimis. Do fuair sé babhla bainne lé n-ól ó fhear an tí. Thairrig sé amach an tobac chuige.

“Seo,” arsa é sin, “bí á dh'ól san.”

Ní raibh sé fhéin ag ól aon tobac. Dúirt sé lé sagart é sin.

“Ó,” arsa an sagart, “bhí sé ceart agat é ar fad a thabhairt leat. Bhí an tobac san daor a dhóthain is gan é a chuir ag sú sáile, á dhéanamh trom ar na créatúiríthe. Bhí sé ceart agat é ar fad a thabhairt leat, agus ní bhfaighidh sé sin bás go mbeidh tart air.”

Agus b'fhíor do. Ní mór ná gur chaill an tart ina dhia' san é.

Do bhí uncail dom ar phátrún Clocháin fadó, agus d'fhan sé cúpla lá ar an gcé¹ i dteannta uncailí a bhí aige ann. Ach nuair bhí sé ag teacht abhaile, do bhuail an sagart leis.

“Ar an bpártrún a bhís?” arsa é sin.

“Is ea,” arsa m'uncail.

“Cad as tú?” arsa é sin.

Nis sé dho.

“Is dócha go bhfuileann tú cortha ó bheith ag rince,” arsa é sin.

“Nílim,” arsa m'uncail, “mar ná fuil aon rince agam.”

“Cad é an ghnó athá age éinne in aon áit gan rince?” arsa é sin.

“Ní lamhálfadh ár sagart dúinn aon rince a bheith againn,” arsa é sin.

¹ Cé Bhreandáin i bParóiste an Chlocháin atá i gceist, dar le fo-nóta ó SÓD.

“Má bhíonn rince i ngiorracht trí mhíle dhuit,” arsa é sin, “bain amach é, mar níl aon chroí aige d’aon ábhar rince, agus má thugann an sagart san a mhallacht duit, abair go dtug sagart eile a bheannacht duit.”

Dhera, is amhla a tháinig áthas ar m’uncail. Níor mhothaigh sé an cnoc a chuir do. Bhí scoil rince i ngiorracht cúpla míle dho. Bhí sé ag lorg páirtí, agus ní bhfaigheadh lé heagla roimis an sagart. Bhí sé fhéin ar feadh cúpla mí ag dul ann. Istoíche ag gabháilt trí bhóthar uaigneach, agus dúirt sé ina’ dhia’ san go mb’fhearra dho ná rud maith an méid rince a dh’fhoghlaimedh sé.

389. *Cúpla ceathrú ar Parnell*

10.12.44

CBÉ, 966: 536-539

An aimsir a bhí Parnell i *bparliament*, bhíodh páipéir ag teacht, agus cuir síos mór ar a ghníomhartha. Bhíodh m'athair ach go háirithe, beannacht Dé léna anam, ba mhór an seó é timpeall air. Bhí máistir scoile ar an mbaile againn. Davis ab ainm do. Bhaineadh sé amach é. Bhí sé tréis teacht ón Daingean an oíche seo, é ag léamh an pháipéir, nuair a bhí sé ag dul isteach.

“Beidh do chuid té fuar ort,” arsa a bhean.

“Ná féach ar aon té,” arsa m'athair leis, “go bhfaighidh tú rud éigin mar gheall ar Pharnell.”

“Is á lorg atáim,” arsa é sin.

Bhí sé ag féachaint.

“Is fada athánn tú á lorg,” arsa m'athair leis, “sáin an páipéar bhuaite.”

“Cad ab áil leatsa dho?” arsa é sin, “ar ndóthair, ní fhéadfá-sa é a léamh.”

“Ní fheadaraís,” arsa an fear eile.

Rug sé ar an bpáipéar bhuaidh.

“Á mbeadh ag an nduine seo,” arsa é sin, “gloine agus cáirtín dí,
do neosfadh sé tréithreacha¹ gan allas gan náire dhíbh,
ach faid athá dlíthe na Sacsan ag gearradh agus ag crá ár gcroí,
nó gur éirigh an faraire Parnell álainn grinn.”

Shín sé chuige an páipéar aríst, is seo ag cuardach Davis. Bhí a bhean titithe fuar marbh ag gáirí fá dtaobh a bheith á chuardach. Bhí a fhios aici ná raibh sé ann, ach amháin an fear eile á dhéanamh é féin.

“Sáin aríst é,” arsa é sin.

Rug sé aríst ar an bpáipéar.

“Cathaoir is ainm don nduine uasal álainn groí,

1 .i., uimhir iolra mhalartach de 'tréith'. Luann IED 'tréithre' mar uimhir iolra mhalartach don fhocal céanna.

chuaigh sé thar farraige ag lorg a dhéirce dhíbh,
chuaigh sé go Sasana chun *taxesaí*¹ a phlé gan moill,
mar a bhfuair sé ann scannail ó mhadraí gránna an fhill.

Shín sé chuige aríst an páipéar. Dhein sé seacht ceathrúna i ndeabhaidh a chéile, ach sin a bhfuil agamsa dho².

Ba mhaith críonna an bhean a bhí fadó ann. Maidean, dúirt sí léna hiníon:

“Éirigh id shuí, a inín,” arsa í sin, “agus téir ag fiosrú t'iníne. Tá iníon óg age iníon a hiníne ó aréir.”

Bhí fear ann, agus bhí aintín aige. Dríofúr dá athair ab ea í, agus dríofúr dá mháthair ab ea í. Nárbh ait an scéal é³.

¹ l.s. ‘teaiceasaí’

² Tá leagan níos críochnúla den véarsaíocht a fhaightear sa mhír seo le fail in §390 | CBÉ, 1035: 320-322. Seo an tríú ceathrú más ea:

“Tá *lordeanna* na hÉireann ar buille,
is tá Gladstone ag imeacht as a mheabhair,
is a rí láidir go dtagair ina gcoinnibh,
chun iad a thiomáint síos fén uisce athá trom.”

³ Tugann SÓD an míniú seo a leanas ar an scéal ait : “dhá lánú a bhí ann. Bhí iníon ag lánúin acu, agus mac ag lánú eile. Glaofaimid Pádraig agus Máire orthu. Fuair máthair Phádraig bás, agus fuair athair Mháire bás. Phós athair Phádraig agus máthair Mháire a chéile, agus saolaíodh iníon dóibh, Cáit. Phós Máire agus Pádraig a chéile, agus saolaíodh mac dóibh. Ba í Cáit a aintín seo, agus deirfiúr dá athair, agus deirfiúr dá mháthar[i]r ab ea í. Seo mar a léirigh Seán Mac Criomhthain é.”

390. *Aimsir an léig*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 320-322

Bhí Peaidí Feirtéar babhta ag lorg vótanna do féin chun dhul isteach mar *ghuardian*. Ghabh Tom Long Bhaile an Chaladh, bhí baint aige leis an léig agus é ar thaobh Pheaidí Feirtéar, lá isteach go dtí m'athair, lá éigin i lár na seachtaine. Bhí Jim McDonnell an Imligh seo thíos leis ag rith.

“Cioca, Jim McDonnell nó Peaidí Feirtéar a gheobhaidh vót bhuit?” arsa Tom Long le m'athair.

“Á dtiocfadh a bhfuil d'fhearaibh i bParóiste an Fheirtéaraigh ag lorg mo vót orm,” arsa m'athair, “geobhaidh Jim McDonnell mo vóta roim éinne acu, agus á mbeadh na mná ag dul isteach do gheobhadh a bhean mo vót roim a bhfuil do mhná i bParóiste an Fheirtéaraigh.”

Bhuail sé síos i leabhar é. Bhailimh sé leis.

“Is ea,” arsa mo dhriotháir, “beidh *boycotting* déanta Dé Domhnaigh ort.”

“Tiománaidís leothu,” arsa m'athair.

Ní fada don lá gur ghabh Peaidí Feirtéar féin chuige agus Tomás Mhíchíl. Chuir sé fáilte rompu mar bhí sé ana-mhór leo i gcónaí. Bhíodar tamall maith istigh ag caint, ach d'fhiarthaigh sé dhóibh an bhfacadar Tom Long. Dúradar ná facadar, agus b'fhéidir go rabhadar san ag caint leis.

“An freagra a thugas-sa ar Tom Long” arsa é sin, “is é atáim chun a thabhairt oraibhse anois.

Á dtiocfadh a bhfuil d'fhearaibh i bParóiste an Fheirtéaraigh ag lorg mo vót orm, gheobhaidh Jim McDonnell mo vót roim éinne, agus á mbeadh na mná ag dul isteach, do gheobhadh a bhean mo vót roim a bhfuil do mhná i bParóiste an Fheirtéaraigh.”

“Á ní hé sin in aon chor a thug sinn,” arsa Peaidí Feirtéar, “ach bhíomair ag gabháilt an treo, agus do ghaibheamair isteach ar do thuairisc.

“Níl Jim McDonnell ag dul isteach in aon chor,” arsa iad san.

“Mura bhfuil,” arsa m'athair, “ní gá dhíbh mo vótas in aon chor.”

Bhailíodar leo, agus bhíodhas rompu ar an mBuailtín, agus fiarthaíodh dóibh conas a bhí lámh

déanta acu.

“Tá siúl maith déanta ó mhaidean againn,” arsa Peaidí Feirtéar, “agus níor bhuail aon fhear fírinneach linn ach aon fhear amháin. Bhí niúdar neádar ages gach éinne ach amháin aige, agus b'shin é Criomhthanach na Cille.”

Batt Moynihan a bhí ar an mBuailthín a bhí ag eachtraí do m'athair ina dhiaidh san air. Dé Sathairn a bhí chúinn, do bhí mo dhriotháir insa Daingean, agus do bhuail cliamhain Mhuiris Feirtéar leis, hÓrach ón Leitriúch, gaiscíoch fir. Deirfiúr do Pheaidí Feirtéar a bhean.

“Conas atá t'athair?,” arsa é sin lem dhriotháir.

“Dhera, b'fhearra dho m'athair a bheith curtha,” arsa mo dhriotháir, “ná an tslí a bheidh sé amáireach.”

Dh'eachtraigh sé dho fé mar atá eachtraithe agamsa dhuitse:

“Is beag *boycotting* déanta amáireach thiar air,” arsa é sin.

“Nár chaithfeadsa mo hata,” arsa é sin, “má chloisim go dtráchtfaidh aon Fheirtéarach ar *boycotting* a dhéanamh ar t'athair go raghaidh mé siar agus go mbainfidh mé úll an phíopáin amach as.”

Níor deineadh aon *boycotting* air, agus tréis na bhFeirtéarach a chuir amach as an mBaile Uachtrach is ea a chum m'athair amhrán Pharnell. Bhíos ag eachtraí dhuit cheana ar an amhrán. Scrís dhá cheathrú dho¹, ach chuimhníos ar cheathrú eile ó shin. Do bhuail Micil Feirtéar lá sa Daingean leis.

“Chuala go ndeinis a leithéid seo,” arsa é sin.

“Do dheineas,” arsa m'athair leis.

“An ndéarfá dhom é?” arsa é sin.

Dúirt sé dho é.

“Is dócha ná fuil éinne anois,” arsa é sin, “is sásta go bhfuil an méid sin ag dul do ná mise ach táim á thabhairt mar chomhairle duit,” arsa é sin. “Deireadh a dhéanamh do, mar

¹ Bhí cuimhne mhaith ag Seán Mac Criomhthain. Ceithre bliana roimhe sin a scríobh Seosamh Ó Dálaigh an dá cheathrú sin, agus iad san le fáil in CBÉ, 966: 536-539 Bhailigh Seán Ó Dubhda leis leagan den amhrán seo leis, maille le rabhcán ar Charles Stewart Parnell, agus iad sin le fáil in CBÉ, 1115: 176-178.

n'fheadaraís cá mbeadh do namhaid.”

Bhí seacht ceathrúna déanta aige, ach ón lá san amach, ní bhíodh sé á rá ach b'fhéidir go ndéarfadh sé smut anois agus arís. Micil Feirtéar a dh'fhág mise gan é bheith agam. Sid iad na trí cheathrú¹:

“Á mbeadh ag an nduine seo gloine agus cáirtín dí,
do neosfadh sé a thuilleadh atá ar a chumas gan náire dhíbh,
Faid athá dlíthe na Sacsan ag gearradh is ag crá ár gcroí,
nó gur éirigh an faraire Parnell álainn groí.

Cathaoir is ainm don nduine uasal álainn groí,
chuaigh sé thar farraige ag lorg a dhéirce dhíbh,
chuaigh sé go Sasana chun *taxesaí* a phlé gan moill,
mar a bhfuair sé ann scannail ó mhadraí gránna an fhill.

Tá *lordeanna* na hÉireann ar buille,
is tá Gladstone ag imeacht as a mheabhair,
is a rí láidir go dtagair ina gcoinnibh,
chun iad a thiomáint síos fén uisce athá trom.”

¹ Bhailigh Seán Ó Dubhda leagan eile den amhrán seo agus é sin ar fáil in CBÉ, 1115 176-179. Is é leagan an Dubhdaigh a chuir Breandán Mac Gearailt i gcló mar chuid de *An Blas Muimhneach II* (2010: 233).

391. *Mac Sheáin a' Ghabha agus Cúiréirín Dowd*¹

[?].2.48

CBÉ, 1035: 328-329

Dhein m'athair ceathrú amhráin theas i gceártain Larry a' Ghabha sa Bhaile Íochtrach lá a bhí sé theas ann. Bhí amhrán déanta age Maidhc Fox do Sheán a' Ghabha agus dá mhac. Bhí tarcaisne an domhain aige ann. Bhí cúpla focal éigin agamsa d'amhrán Mhaidhc Fox, ach níor mhaith liom iad a rá...

... níl éinne óg istigh. Bhí mac age Seán a' Ghabha, agus mac age Dowd a bhí ann, agus níl aon oíche ná téidís ag bothántaíocht tamall ó bhaile. Bhí droimín ar Sheán a' Ghabha féin, agus bhí sé ana-chromtha:

Ag imeacht ag válcaireacht gach aon oíche,
dúirt Peig Ághas iad a thiomáint suas an Mám,
go ndéanfadh sí sásan té dhóibh.
Tá fear anso thall, go mbris asal a dhrom
is deineann sé clann do dhréigean.

Ach bhí m'athair sa cheártain an lá so, agus bhí Maidhc Fox ann, agus bhí ana-scléip fé Mhaidhc Fox:

“Deirim-se,” arsa m'athair leis, “gur file tu atá gan fuaimeant,
mar tánn tú balbh, agus tá do theanga róshuairc,
ag déanamh ranna do *bhreed* na n-uaisle,
is gur do chine an mhadra tú atá ag creachadh na tuatha².”

Níor fhan aon fhocal ag an bhfear eile.

¹ ‘Ceathrú a dhein athair Sheáin Criomhthain’ an teideal a bhí ar an mír seo sa lámhscríbhinn.

² Tá ‘tuatha’ comónta mar fhoirm ghinideach mhalartach den fhocal ‘tuath’ – is é, mar shampla, a bhí ag Seán Ó Riordáin i ndán bhuaidh dar theideal ‘Éisteacht Chúng’: “Éisteacht na bodhaire, is í is leithne, is léi gach cluas, cluas na tuatha, cluas na cléire,” (1964: 38).

392. *Seán Mac Criomhthain agus Davis*¹

11.3.45

CBÉ, 968: 175-180

Bhí m'athair fadó, bhí cuid mhaith súpanna timpeall insan am san a bhíodh na sagairt ag gabháilt dó. Bhídís a d'iarraidh iad a chuir bunoscionn², gan a bheith ag caint leis na súpanna. Ní dhéanadh sé rud orthu. Deireadh sé leis gur chomharsa³ iad, go raibh sé ceart labhairt leo, nárbh aon díobháil é. Ach do bhuail pian ina cheathrúin é. Chaith sé an leabaidh a thógaint. Bhí dochtúir Hudson⁴ ag teacht chuige go minic, ach do chuaigh dochtúir Hudson ag fiach lá ar chnoc Bhaile an Fheirtéaraigh. Do leagadh é. Do cuireadh pláitín a ghlún as ionad. Caitheadh é a thabhairt abhaile ar chomhla.

“Cad a dhéanfaimíd anois,” arsa mo mháthair, “gan aon dochtúir?”

“Ó, caithfidh Myles⁵ teacht,” arsa m'athair, “ina ionad san. Is fearr do dhochtúir é ná⁶ Hudson.”

Do tháinig Myles.

“Mara raghaidh san 'on ospidéal inniubh,” arsa é sin, “ní mhairfidh sé amáireach.”

D'imigh sé. Dúirt Paddy Connor leis go ndúirt Myles mara raghaidh sé 'on óispidéal inniubh, ná mairfeadh sé amáireach. Ach bhí na sagairt ar *stations* i dtig don mbaile, agus dúirt mo mháthair leis an sagart paróiste, Father Éigin a bhí ann, teacht i leith 'dtí m'athair. Do tháinig. Do bhí mo mháthair amuigh insan bhuaile, agus dríofúr dom in aonacht léi.

“An bhfuil aon ghearrchaile anois agat ach í sin?” arsa é sin.

¹ Ba é ‘M’athair agus creideamh’ an teideal a bhaist SÓD ar an méid seo sa lámhscríbhinn, agus tá beartaithe agamsa cloí le ‘Seán Mac Criomhthain agus Davis’ anseo, .i., an teideal a chuir Seán Ó Dubhda in *Duanaire Duibhneach* (1976: 97-98) ar an leagan den amhrán a fhaightear anseo.

² l.s. ‘bunisciúnn’

³ .i., ‘comharsa’ in úsáid mar fhoirm iolra aige anseo.

⁴ “Dochtúir Protastúnach ab ea é seo agus dochtúir Myles” a thugann SÓD le fios. Is ionann an dochtúir Protastúnach seo agus an fear 58 bliain d’aois a dtugtar Robert mar ainm baiste air i ndaonáireamh na bliana 1901. I dTrá Lí a rugadh é, agus cúigear déag clainne a rugadh do féin agus dá chéile Mary. Ba é Edward in aois a chúig bliana déag dó an té ba shine den ál, agus searbhónta darb ainm Mary Prenderville, Caitliceach ó Oileán Chiarraí, ag friotháilt orthu, is dócha. Luadh gach aon duine den chlann a bheith ina ‘scholar’, léamh agus scríobh acu go léir fág as an té ab óige John Victor Alexander – dá léannta iad, ámh, ní luaitear aon eolas a bheith acu ar an nGaeilge <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861414/>, agus dá líonmhaire tamall iad, duine acu níor fágadh sa Daingean faoi dhaonáireamh 1911.

⁵ “Dhá dhochtúir a bhí sa Daingean” a scríobh Seán Ó Dubhda mar gheall ar Myles agus Hudson (1976: 98).

⁶ l.s. ‘na’

“Níl,” arsa mo mháthair.

“Níl,” arsa é sin, á caitheamh i gcoinnibh an fhalla, “agus tánn tú á cuir ar scoil Davis¹.”

B’ait an sagart é nár chuaigh isteach ar scoil na Muirí, agus cuntas a bheith aige. Níl aon lá ná téadh sí ar scoil na Muirí. Chualaigh fear na leapa an chaint, ach ní fheaca sé an caitheamh. Do tháinig sé go doras an tseomra, is sheasaimh sé.

“An dteastaíonn ola bhuait?” arsa é sin.

“Ní theastaíonn ola bhuamsa,” arsa é sin, “ná faoistine ná Comaoine.”

“Ó theastódh faoistine ó éinne,” arsa an sagart.

“Theastódh,” arsa é sin, “ón té go mbeadh aigne shocair aige. Is mithid ‘uitse na bóithre athá id bholg a chaitheamh amach as, ach bhí sagart insan áit seo cheana,” arsa é sin, “agus ‘chuma cad é an blaiseard a neosfadh an chéad scéal, do chreidfeadh sé é. Nár chirt dhuit dul isteach ar scoil na Muirí, agus a fhios a bheith agat an raibh an gearrchaile sin ag dul ar scoil.”

Ach chuaigh sé síos ‘on tseomra chuige ansan.

“Cuirfeadsa fios ar Davis anois,” arsa é sin, “agus má shéanann Davis an méid athá ráite aige liomsa, agus go dtógfaidh Dia as so mé. Socróidh mé leis, agus maithfidh Dia dhom é. Deir sé gur tusa a dhein *souper* do.”

“Á, ní mé,” arsa é sin, “ach Father O’Donoghue.”

“Tusa a bhuail an chéad bhuille air,” arsa é sin, “agus Father O’Donoghue a shocraigh ar fad ansan leis.”

¹ “Scoil Phroastúnach a bhí i gCill Maoilchéadair,” a deir fo-nóta ó SÓD linn, agus i dtaobh Davis féin: “múinteoir scoile Caitliocaí ab ea Davis. Deir an Criomhthánach go ndeireadh sé gur chuir sagart amach as an scoil é. In Ard Fhearta a bhí an scoil aige, agus bhí Father Éigin, agus Father O’Donoghue ann an uair sin. Deireadh Davis gur chuireadar san as an scoil é, agus d’iompáigh Davis ansan, agus do fuair sé a bheith ag múineadh i Scoil na Cille.” Sasanach ab ea é dar le nóta ó SÓD sa lipéad a ghabhann le ‘Péaca prátaí á chuir sa Drochshaol’ (§415 | CBÉ, 968: 181). Tugann an nóta céanna le fios gur Davis a thug insint ar an eachtra áirithe sin go teach na gCriomhthánach ar dtús. I dtaca leis an eachtra céanna, tá an méid seo a leanas scríofa ag Breandán Mac Gearailt, a dúirt gurbh as tuath thuaidh Thrá Lí dó, seachas Sasana, agus go raibh ‘Davies’ tar éis “bualadh fé ag béal dorais Chriomhthain [Mór] mar a raibh an scoil Ghallda. Bhí an sagart ansúd tréis Davies [sic] a bhriseadh as a phost. Chuaigh Davies [sic] leis an ‘*soup*’, má chuaigh. Bhí leanaí bhailte na Cille isteach is amach ‘dtí a chéile. Ach nár chum diablóir éigin don sagart áitiúil go raibh iníon an Chriomhthánaigh ag dul leis an ‘*soup*’ agus go mbíodh sí go minic istigh i dtig Davies [sic]. Ní raibh aon rian fhrinne sa chaint fén ‘*soup*’. San idirlinn, buaileadh breoite Seán agus glaodh ar an sagart Ó hAogáin. Tháinig an sagart agus níor fhág sé thoir ná thiar ar Chriomhthain é, rud a chuir an gomh dearg ar an bhfear macánta, Seán [Mac Criomhthain]”, (Mac Gearailt, 2010: 230-231).

Tháinig leitir ansan chuige óna dhriotháracha, agus dúradar leis sa leitir, má thógfadh airgead é, ná raibh aon bhaol ná go mbeadh sé tógtha acu fhéin. Ach do shéid sé suas. Bhí sé dhá mhí an uair sin sa leabaidh.

“Táimse dhá mhí,” arsa é sin, “sínite ar mo leabaidh gan suan,
agus greamanna nimhe ag gabháil tríom go ceangailte cruaidh,
nú go dtáinig thar taoide an líne do thóg mo chroí suas,
ós na fearaibh a bhí groí¹, ná raibh ina gcroí istigh doicheall ná gruaim.

Á neartódh mo chroí, do dhéanfainn sinsireacht² fada ar mo shuain³,
ar na comharsain, do bhíodh insa oíche im dh’fhaire go fuar,
bhíodh cuid acu im thimpeall, ag síorghol is ag achairt go cruaidh,
mé a thógaint im shuí go mbeadh gliondar⁴ is cuileachta shuairc.”

Ana-chuileachta ab ea é.

“Tá Máire⁵ go cráite gach lá ag imeacht sa tsiúl,
idir Hudson is Myles ag lorg leighis orthu súd,
bhí Hudson ar a dhícheall d’fhonn Seán a chur ar a bhonnaibh ag siúl,
nú gur buaileadh é féin, is gurb éigeant do an leabaidh a thabhairt.

Do bhíosa-sa ar mo chúil, níl dabht ná go rabhas-sa go tréith,
do tháinig Father Éigin chugham ar a chúrsa, is níor chneasta a bhí scéal,
mar do casadh ana-chúinse nú toice, do nis sé súd breág,
dúirt go raibh Seán Criomhthain ciontach i scriptiúir, agus i mBíoblaí Dé.

¹ Mhínigh Seán Ó Dubhda gur triúr driothár do Sheán Mac Criomhthain Mór a chuir airgead ó Mheiriceá chuige atá i gceist leis na fir ghroí seo (1976: 97).

² .i., ‘sinsearachta’. B’fhéidir nach réiteodh an litriú seo rómhaith leis an léitheoir ar an gcéad sracfhéachaint dó, ach tugtar faoi deara gurb é atá ag Tomás De Bhaldraithe ina fhoclóir Béarla-Gaeilge siúd faoi na ceannfhocail ‘from’ agus ‘light’ faoi seach.

³ ‘Suan’ a thras-scriobh an Dubhdach a bhí den tuairim go mb’fhéidir gur ‘suaimhneas’ a bhí i gceist.

⁴ Bhí dhá chomhartha cheiste ag SÓD os cionn an fhocail seo.

⁵ .i., a bhean chéile, dar le fo-nóta ón Dubhdach (1976: 98).

Ní hé Davis athá ciontach sa scríoptúir ná sa Bhíobla leánn,
ach na sagairt a dhein an concas, agus do dhíbir¹ é óna charaid ar strae,
nuair ba cheart dóibh é a mhúineadh, is é a stiúrú go cneasta is go séimh,
do thiomáineadar as a dhúthaigh é i measc súpanna an Daingin go léir.

Ní lé dúil ina gcuid súip do, dh'iompaigh sé sin an chéad lá,
ach tá sé go cráite idir *lordanna* agus sagairt gan dabht,
ach chuir Flemming² a lámh ann, is é siúd a ghread aige an croí,
do dh'fhág sé gan aon phráta é lé fás tríd an gCathair aníos.”³

¹ l.s. ‘díobair’

² l.s. ‘Fluman’ – ba é SÓD a sholáthair an litriú a gcloítear anseo leis. ‘Pléimeann’ an leagan a cheadaigh an Dubhdach, agus fo-nóta mar seo a leanas aige ina thaobh: “Ministir a bhí i gCeann Trágha. D'iompaigh sé i gcoinnibh Davis, agus do bhain tighearna Fionntrágha seilbh fear bó dhe, i gCathair Deargáin. dar le Breandán Mac Gearailt, a bhris Davies [sic] agus a “bhain tiarna talún Fhionntrá, an féar bó a bhí aige dhó. Cuireadh báillí chuige, is do stracadar na gais aníos as an dtalamh.” “B’shin Críostaíocht agat”, arsa Breandán Mac Gearailt (2010: 230-231).

³ Is é an *Duanaire Duibhneach* le Seán Ó Dubhda an fhoinsé a thug Breandán Mac Gearailt don leagan den amhrán atá in *An Blas Muimhneach II* aige. Dúirt sé gurbh ionann é, geall leis, agus leagan “atá ag a ghariníon Bridie [Criomhthain/nic ‘n tSaoir] ar an gCill” (Mac Gearailt, 2010: 232).

393. *M'athair agus bunóirseach ag amhrán*

18.3.45

CBÉ, 968: 221-223

Bhí m'athair thíos insan Leitriúch fadó i dtig mo sheana-mhuintire, agus do bhí bean ann ag sníomh. An-amhránaí ab ea í, ach do cuireadh geall síos aisti i gcoinne m'athar ag amhrán.

“Bhuel,” arsa m'athair léi, “má théimíd ar gachara amhrán, ní bheadh deireadh ráite ar maidin againn, ach an t-amhrán atá agatsa, agus agamsa. Téimíst ar gachara ceathrú, agus an té go mbeidh an cheathrú deireanach aige, bíodh an geall aige.”

“Táim sásta leis,” arsa í sin.

“An bhfuil ‘Na Gleannta’¹ agat?” arsa é sin.

“Táid,” arsa í sin.

B'fhios di go rabhadar. Seo lé chéile iad. Ach do bhí sé buailthe amach aici, ach do bhí trí nú ceathair do cheathrúna aige a deineadh do áit ar dtaobh thoir do Thrá Lí go nglaonn siad Drom Eanaigh air.

“Go Tír Ard Phádraig,” ar seisean, “go brách, ná tabhair liomsa,
ná an Garráinín gránna ná fásann an dair chúrtha ann,
marab ionann agus Drom Eanaigh na mbánlag,
mar ar gnáthach a bheith ag súgradh,
agus coillthe ar bhruach na trá,
mara mbíonn bláth ar chrannaibh cúrtha.

Is Cois na hAbhann ó² do shuinnse,
an rinn, dair, is a chall ghléigeal,

¹ Is é seo a leanas a scríobh Seán Ó Dubhda i leith an leagain den amhrán seo atá le fáil in *Duanaire Duibhneach*: “Tá amhrán den ainm seo ar eolas ar fuaid na Mumhan go léir, agus tagairt ann do ghleannta ó Dhéisibh Mumhan go Ciarraí. Niorbh áil le filí Duibhneacha an t-iomrá go léir a leigeant leis na críocha lasmuigh, agus cheapadar féin ranna molta ar ghleannta Chorca Dhuibhne mar leanas... fonn cosúil le ‘Ag gabháil tré Bhleá Cliath dhom’ atá air seo i gCorca Dhuibhne” (1933: 151). Níl na ceathrúna a thug an Criomhthánach ina measc.

² Bearna fágtha ag an scríobhaí sa lámhscríbhinn.

is an fhuinseog bhreá dhíreach ag fás léna chéile.

Bhí guth na cuaiche ar bharr na craoibhe ann,

ceol na bhfaoileán agus na naoscach,

is lena chuanta, is ea a chífinnse,

fuaim na taoide lé tréanmhuir.

Is mó ní breá aerach ar an dtaobh so 'o Dhrom Eanaigh,

tá an coinín mear éadrom ann, ag léimrigh insan ghainimh,

tá úlla chúrtha¹ ann i ngairdín cuiríní agus meacain,

tá iarlaí² na dúthaí ag siúl na drúchta ann gach maidean.

¹ l.s. 'chúra'

² l.s. 'éarlaí'

394. *Neart na ndaoine fadó*

[?].9.46

CBÉ, 981: 359-361

Bhíodar ar an mbaile seo, mo mhuintirse, na Súilleabhánaigh agus na Cathaíoraigh, agus ní anso thíos a bhíodar á chur in aon chor, ach i gCill Dromann. An leac atá ar uaigh na gCathaíorach agus níl aon bheirt fhear ann anois a thógfadh í, agus thug triúr fear ó bharra Chnoc an Gharráin í. Beirt fé cheann di, agus duine fén gceann eile. Athair críonna m'athar a bhí fé cheann di. Do mhuintir Shé ab ea é siúd. Má tá, ana-ghaisceach fir ab ea é dréir deabhraimh. Bhí beirt mhaith eile fén gceann eile.

Chuaigh súd tráthnóna Domhnaigh le bó go dtí tarbh i nGallros, agus nuair a chuir sé an Mhuiríoch siar do, do bhí an tarbh ina choinnibh aniar. Ní ar an mbó a dhein an tarbh, ach air féin. Do rug sé ar dhá adhairc air, is bhuaile sé ar chnámh a dhroma é. Ní raibh cnocán na Muirí riamh gan cuileachta. Bhíodh cuileachta bailithe in airde ar C[h]nocán na Muirí nach aon Domhnach. Chinnibh sé ansan é gur tháinig cabhair ó Chnocán na Muirí, agus gadhar a chuir deabhadh ar an dtarbh.

395. *M'athair ag seasamh chun baistí*

15.4.45

CBÉ, 968: 442-445

Deir siad go bhfuil sé coiscthe ar dhuine seasamh leis an tarna leanbh ar dtaobh istigh do bhliain, ach do sheasamh m'athairse le triúr aon lá amháin, triúr a bhí ina Sasanaigh, agus do baisteadh iad. Bhí a n-athair caillthe. Caitliocaí ab ea a máthair. Cúpla ab ea beirt gharsún a bhí ann. Is é a sheasaimh leis an mbeirt. Bhí ceann óg ansan, gearrchaile ab ea í, agus do bhí uncail dóibh i mbun an chliabháin. Bhí an t-athair críonna imithe 'on Daingean, agus ba dheocair an leanbh a ghoid ón uncail. Ach d'imigh m'athair isteach chuige, agus buidéal fuiscí. Do thairrig sé truíp ar an gcliabhán.

“Is ainnis an b[h]ail é,” arsa é sin, “a bheith ag déanamh banarthla dhíotsa ná fuil aon bhean le fáilt.”

Líon sé gloine fuiscí chuige.

“Beir air sin,” arsa é sin.

Do dhúisigh an leanbh, agus do chrom an t-uncail ar ghol. Ní túisce sin ná a bhí an leanbh sciobaithe age bean, ardaithe léi, agus nuair a tháinig sí isteach go dtí ár dtighe, d'fhiarthaigh an sagart conas a tugadh an leanbh bhuaidh. Eachtraíodh do.

“Tá ana-phointeáil déanta aige,” arsa é sin, “ní bhaistfidh mé anois í go dtiocfaidh sé.”

Ach nuair a tháinig sé, do chaith sé seasamh leis an leanbh. Bhí seasaithe aige leis an dtriúr an lá céanna. Bhí fear eile ar an mbaile, agus do dh'iompaigh sé sa Drochshaol. Is mó duine a dh'iompaigh sa Drochshaol, agus is ní le grá dhóibh é, ach a d'iarraidh maireachtaint. Ach fé cheann tamaill, d'imigh sé go Meiriceá, agus bhí beirt leanbh ina dhiaidh. Do baisteadh an bheirt leanbh, agus m'athair ag seasaimh leo, agus tamall ina dhia' san, do tháinig an t-athair ó Mheiriceá. Do chuaigh m'athair féna dhéin, agus do thug sé tamall mór don oíche ina theannta.

“Is ea,” arsa é sin, “tá súil agam go bhfágfaidh tú id diaidh iad so anois.”

“Á,” arsa é sin, “dá siúlófá oiread liomsa, ba mhaith an áirithe dhuit dhá thistiún a dh'fháilt age baile sochas a bheith ag siúl is gan éinní le fáilt agat. Thug sé tamall mór don oíche ag

gabháilt do, ach níorbh aon chabhair do é. Lá arna mháireach, bhí *stations* le bheith age m'athair, agus do bhí sé roimis an sagart paróiste amuigh.

“Is olc an *job* a dheineabhair,” arsa é sin, “an bheirt leanbh úd a bhaisteadh, agus a n-athair tagaithe ó Mheiriceá aréir, agus tá sé comh daingean agus bhí sé riamh. Thugas tamall mór don oíche ag gabháilt do, is ní fhéadfainn aon bhogadh a dhéanamh air.”

“B’fhéi’ go gcuiris chun feirge é,” arsa an sagart.

“Níor chuireas mhuis,” arsa é sin.

Shuigh an sagart as choinnibh an doiris isteach, rud nár dhein aon tsagart riamh roimis sin ná go raghaidís go dtí an tine, maidean fuar go maith. Ach nuair a chonaic m'athair cár shuigh sé, dhein sé amach go raibh mearthal mór air. D'imigh sé fé dhéin an fhir eile, agus dúirt sé leis teacht ina theannta, agus ná raibh sé a d'iarraidh air iompó in aon chor, ach go raibh braon fusicí aige, go mbíonn sé aige ar gach aon *stations*. Thug sé leis é. Nuair a bhíodar ag gabháilt isteach, rug sé ar dhá ghuala air, is sháigh sé roimis é. Chuir sé ar a dhá ghlúin i bhfianaise an tsagairt é. Thug sé stáir mhaith aige ar a dhá ghlúin, agus níor chuaigh sé i ngaire an dreama eile as san amach.

396. *Na daoine a chionn púcaí*

28.4.45

CBÉ, 968: 509-510

Cé hiad so a chionn púcaí?

Na daoine ná bíonn baistithe i gceart. An lá a baisteadh mise, chloisinn m'athair ag cuir síos air, d'fhiarthaigh an sagart cad é an ainm a bheadh orm.

“Seán Criomhthain,” arsa m'athair.

“Tabharfaimid Seán Criomhthain ó Chill Mhaoilchéadair air,” arsa é sin.

Ach nuair a bhíos baistithe ansan:

“Sin leanbh,” arsa é sin, “ná cífidh aon drochní go deo.”

Agus b'fhíor do. Míle baochas le Dia, ní fheaca, agus táim istigh i mbaile teampaill.

397. *Oíche dhorcha ar bhóthar an Daingin ag an gCrimhthanach*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 468-470

Lá aonaigh a bhíos insa Daingean, agus bhí Connor anso thiar in aonacht liom, agus do chuireamair chun teacht abhaile, agus do shéid báisteach, agus sinn i leith chun na *gcottageí*, agus do bhí trí tithe [ar] dtaobh thoir dos na *cottageí*, bhí gréasaí Walker ann. Do chuamair isteach ansan ón mbáistigh, agus do shíneas féin i gcúinne mar sin. Thit mo chodladh orm, is n'fheadar gad é an fhaid a bhíos im chodladh. Ach nuair a dhúisíos, bhí triúr nú ceathrar ó Chathair Scoilbín ann, agus bhí Connor ann. Dúirt Walker liom dul in airde 'on leabaidh a chodladh.

“Ní raghaidh mé,” arsa mise, “raghaidh mé abhaile.”

D'imíos amach chun an doiris, agus d'osclaíos an doras, agus ní chífínn éinní ach fé mar a dhúnfainn mo dhá shúil. Dheineas lom díreach fén gclaí thuas, agus dúrt go gcoinneoinn an claí, nú go dtiocfadh gealas éigin go stiúródh sé me. Bhí mo lámh ar an gclaí, is gan aon ghealas ag teacht, agus nuair a bhíos tamall maith i leith, do bhí an duine ag caint ón dtaobh thíos i gcónaí im dhiaidh i leith, agus á rá “i gcuntais Dé liomsa, fanacht anso go maidean.” Nuair a thána go tig Jimeen¹ ansan, d'imíos trasna síos ansan go dtí an dtaobh thíos, agus gan aon ghealas ag teacht. Ach bhíos ag treabhadh liom. Bhí mo dhóthain cúraim orm teacht ar mo bhóthar féin ansan ag an gcroaire, ach nuair a thána 'dtí sraoth an uisce ansan síos go dtí an Muileann, bhí a fhios agam go rabhas ar an mbóthar ceart. Choinníos mo lámh ar an gclaí aníos. Nuair a thána ar an dtaobh aníos do thig Mhaurice an Choma², do chuala an cóiste chugham anuas, agus gadé bús a bhí aige, agus gan aon tsolas aige. Dhruideas isteach chun an chlaí bhuaidh go tapaidh, agus do ghaibh sé tharam fé mar a gheobhadh feothan gaoithe, agus gan aon tsolas aige. Níor chuala aon chapall, is dócha gurb é an cóiste balbh a bhí ann, agus gan aon ghealas ag teacht, aon ghealas. Ach age Barra an Mháma aríst, bhíos i gcruchas a d'iarraidh teacht ar mo bhóthar féin, ach do dheineas an bheart. Ach, ag déanamh aniar ar Chathair Deargáin, do gheal sé go breá. Tá aithne agat ar an gcathair ansan [ar]

¹ “Griffin i mBaile an Mhuilinn” a bhí i gceist dar le nóta ó SÓD.

² “Cam Ga” ata i gceist dar le SÓD.

dtaobh thíos do bhóthar, go dtugann siad na *beehives* air tamaillín siar bhuidh in airde ar an gclaí, bhí an duine sínte. N’fheadarsa an beo nú marbh é. Níor chuir sé aon *tsilence* orm, agus níor chuireas air é. Nuair a thána ’dtí Fothrach an tSainsiléara, deineadh dhá fhead, is níor tháinig aon eagla orm. Nuair a thána isteach abhaile, bhí sí seo agus m’athair ar an dtinteán ag feitheamh go dtiocfainn – leathuair treis a haon. Is dócha nár tháinig aon doircheacht riamh is sia seasaimh ná é, ná go dtiocfadh breacarnach éigin nuair a bheifeá tamall amuigh.

398. *Seanchas ar Sheana-Sheán Criomhthain, seanchaí*

[?].10.46

CBÉ, 981: 537-544

Conas gur rángaigh na heachtraithe ar fad age t'athair?

Éirim a bheith aige iontu, agus seandaoine a bheith timpeall, agus is mú áit a thugadh sé geábh, síos chun an Leitriúigh nú mar sin. Ní cuimhin liom aon diar oíche ná beadh duine éigint againn. Lucht siúil. Bhíodh cuid acu, agus b'fhada leat an oíche a bheidís agat, agus cuid eile acu, agus bheifá ag gol ina ndiaidh lá arna mháireach. Bhí dhá *family coffeys* ag imeacht i dteannta a chéile. Bhí Dan agus Jim. D'fhanadís seachtain againn. Ana-chuileachta ab ea Dan. Bhídís ag déanamh sásan i rith na seachtaine, agus na mná amuigh ag bailiú, agus bhí máistir rince ar lóistín againn ina dteannta. Níl aon tSatharn ná téidís 'on Daingean, agus bhíodh a ndóthain ólta acu ag teacht. Do bhíodh rince ag seinnt dóibh le fliúit, Broisníchin Ó Chuiríní ab ea é, ó thimpeall Chaisleán na Mainge is dóigh liom. Bhíodar an lá Sathairn seo sa Daingean, agus bhuail beainín eile leo. Méiní Sheridan¹ ab ainm di. Ach ag teacht ar an mbóthar, d'éirigh bean mhór an *choffey* chúichi, agus stánáil sí í. Beainín bheag ab ea Méiní Sheridan. Is é an áit a chuaigh Méiní Sheridan isteach go Tig na gConnors, agus i gcionn tamaill don oíche ghluais sí féin agus bean Chonair aniar féachaint conas a bhí ag an ndream eile. Chonaic iníon an *choffey* amuigh insan bhfuinneog í.

“Mother,” arsa ceann dos na gearrchailí, “Mainie Sheridan is outside in the window.”

Ó do liúigh sí, is do bhéic sí ag dul amach, is í a mharú. Dúirt m'athair léi suí ansan nú go bhfaigheadh sí an taobh amuigh. Dúirt m'athair léi suí ansan – í lán do dheoch. Chuaigh m'athair 'on doras, is dúirt sé leis an mbean bheag teacht isteach. Tháinig sí isteach, agus chuir sé suite ar chathaoir thuas insan chúinne í, agus dúirt sé léi amhrán a rá. Do shéid sí suas an t-amhrán, is ba mhaith an díol uirthi é. Bhí aithne agat ar Sheán Foley a bhí sa Daingean. Bhí sé sin ann, agus rug bean mhór an *choffey*, rug sí ag rince é. Ach d'imigh an bheainín bheag fé cheann tamaill. Chuaigh sí siar go tig na gConnors aríst. Ach tréis gach éinne a dh'imeacht ansan, na buachaillí ar fad, sin é

¹ I.s. 'Sherdan' tríd síos

an uair a dh'éirigh ar na *coffey*s chun bruíne, ach do chuamairne a chodladh, agus do chuaigh Broisníchin 'on tseomra, agus má chuaigh, níor bhain sé aon éadach do féin, ach bhí *crowbar* insa tseomra, agus chuir sé leis an ndoras é, agus bhí a dhrom féin leis an ndoras ina theannta.

“A Sheáin,” arsa Broisníchin, “an bhfeacaís sochraid tincéara¹ riamh?”

“Ní fheaca,” arsa m’athair leis.

“Ní fheaca ná mise mhuisse,” arsa é sin, “tréis a bhfuil siúltha riamh agam, ach cífeair tréis na hoíche anocht sochraidí tincéara.”

Ar maidin lá arna mháireach, do fuaireadar a bpáipéir ó m’athair gan filleadh ar an dtig go brách aríst. Bhailíodar leo, agus ar an dtaobh thuaidh do Bhaile Loiscthe, do stánáil Seana-Dhan trína chéilig iad. Ghaibh duine éigin ón mBaile Loiscthe chúthu, agus d’fhiarthaigh sé dho cad é an chúis a bhí aige orthu. Dúirt sé go raibh a dhóthain do chúis aige orthu, go raibh an tig is deise dár shiúlaigh sé riamh curtha *void* acu air, ná mothódh sé á fhaid a bheadh sé ann. I gcionn ráithe ina’ dhia san, do ghaibheadar an bóthar, agus do chuir sé a bhean aníos féachaint an raibh aon tseans acu.

“Á,” arsa mo mháthair, “tá sé comh maith agat é a chaitheamh as do cheann. Níl éinní a chuirfidh súd roimis ná déanfaidh sé amach.”

Bean ana-mhacánta ab ea í sin, bean Dan, agus Dan féin, ach an dream eile.

“Nár lige Dia dhúinn iad,” arsa é sin, “tá díobháil mhaith déanta acu dhúinn.”

Bhí deireadh leo. Bhí hocht pearsana déag dos na *coffey*s ann, agus b’fhearr le m’athair a bheith ag plé leo ar feadh coicís ná a bheith ag plé le aon tseana-lánú amháin aon oíche amháin a ghaibheadh chuige go nglaofaí: “Níl aon tslí againn díbh.” Bhíodh cnocán tuí ar thaobh an tí aige dhóibh.

Bhí sé oíche eile ar thiteam na hoíche, do ghaibh fear isteach chuige agus cat féna ascaill, agus feidhre bróg, agus dúirt sé go dtabharfadh sé an cat agus an feidhre bróg ar é a scaoileadh isteach ’on scioból, ach dúrthas leis nár ghá dho dul in aon scioból, go bhféadfadh sé fanacht ansan. Do ghaibh Peaidí Sullivan agus Peaidí Connor isteach. Dúradar gur bhithiúnach é sin, go raibh sé ag

¹ l.s. ‘tuincéara’

faire ar éadaí a ghoid tráthnóna, go mb’fhearr gan é a dh’fhágaint istigh. Ní raibh aon fhocal aige, ach “welta gu moy”¹, pé brí a bhí leis. Dhein an bheirt go maidean le fhios gur bithiúnach é, agus go raibh a thuilleadh lasmuigh ina theannta, agus gurb amhla a bhí sé ag glaoch orthu. Nuair a chuaigh sé a chodladh sa *tsettle* an oíche sin, dúirt sé le m’athair an *tsettle* a dhúnadh² air. Dhún, agus d’fhan sé ansan nú gur oscail m’athair an *tsettle* ar maidin.

¹ “B’fhéidir gur ‘bhfuil tú go maith’ i gcanúint Chúige Chonnacht é”, a dúirt SÓD, cé gur giorra do chanúint Uladh é le ceart.

² l.s. ‘dhunadh’

399. *Uaigneas i gCill Fhiontáin*

18.3.45

CBÉ, 968: 212-216

Do bhí m'athair fadó i gcomhairí sa Daingean, é fhéin agus beirt eile buachaillí ón áit. Ach lá Domhnaigh ab ea é, tréis an Aifrinn. Bhí bráithre insa Daingean. Bhí bráthair ag seanmóin. D'fhan sé ag éisteach leis an mbráthair, agus nuair a tháinig sé amach as an sáipéal, dúrthas leis gur dócha go raibh an chomhairí age Barra an Mháma anois. D'fhan sé sa Daingean, is bhí cuileachta ina theannta. Do luíodar ar braonaíocha a dh'ól, ach ghluaisíodar ansan i gcionn tamaill don oíche. Agus iad an bóthar aníos, do chualadar an gearán. Bhí dhá dhíg insan bhóthar an uair sin.

“Féach,” arsa é sin lé duine acu, “siúlaigh sa díg thall, agus siúlaigh sa díg seo, mar ní fhéadfaimís é a dh'fheiscint, ach braithfimid é.”

Do bhíodar ag siúl sa díg, agus nuair a bhíodar aníos timpeall Cill Fhiontáin, tuigeadh do gur leagadh ualach grin in aice leis ar an mbóthar. Do tháinig sé amach ar an mbóthar go tapaidh, agus d'éirigh an hata dhá cheann. Chuireadar dóibh, agus ag dul in eaglaí a bhí sé nuair a thánadar go Barra an Mháma. Bhí Brúnach ó Ghallros in aonacht leo, agus do bhí fear bocht a bhíodh ag imeacht timpeall ag tuilleamh a pháidh. Cíobhánach ab ea é. I nGallros a bhí sé.

“B'fhearr díbh gabháilt barra Cathair Deargáin,” arsa m'athair leo, “ní mór an t-aistear díbh é.”

“Geobhaimíd,” arsa an Brúnach.

“Ní gheobham mhuisse,” arsa an Cíobhánach.

“Téanam,” arsa an Brúnach, “geobhaidh mé fhéinig ann.”

Ní fada aniar a bhíodar nuair ná féadfadh sé coiscéim eile a thabhairt.

“Bídhídh [ar] dtaobh tíos do chlaí go tapaidh,” arsa é sin leis an mBrúnach.

“Dhera, téanam sall go dtí an bóithrín. Raghaidh mé isteach 'on tig id theannta,” arsa an Brúnach.

“Ní fhéadfainn dul a thuilleadh,” arsa é sin.

Síos leis, is chuaigh sé isteach go tig Chéilleachair. Ní raibh éinní ach laiste ar an doras, ach do bhí corcán prátaí in imeall na tine is corcán feola, agus dúirt Céilleachair leis – bhraith sé é – na prátaí a dh'ithe, agus an fheoil agus teacht a chodladh in aonacht leis. Dúirt sé ná raghadh. Ach ní fada gur *bhackáil* an capall a bhí istigh sa tig, is bhí gach aon tsrann aici. D'fhan sé ansan go maidean, agus ní ligfeadh eagla dho corraí amach nú go raibh an lá gléigeal geal ann. Is dealraitheach an namhaid a bhí sa bhóthar fhada go dtáinig sí go dtí an doras chuige.

Do bhí fear ó Ghlaise Bheag sa Daingean fadó. Bhí dríofúr do pósta sa Daingean, agus d'fhanadh sé ana-dhéanach, ach do bhí an dríofúr, agus an fear ag tathant air oíche fanacht go maidean. Dúirt sé ná fanfadh, go mb'fhearr leis a bheith ag siúl, go raibh an oíche breá geal. Do chuir sé dho, agus [ar] dtaobh aníos do Bhaile an Mhuillinn, cois an chlaí, do bhí bean rua ina measc.

“Féachaidh é fhéin,” arsa an b[h]ean rua, “nách déanach athá sé, is níorbh annamh leis é.”

“Tá,” arsa duine eile acu.

“Beirimíst air,” arsa í sin.

“Glac bog é,” arsa bean eile.

“Ba mhór an trua mhuis,” arsa í sin, “gan [aon] tsuaileáil a thabhairt do.”

Do chuir san do an bóthar. Ba mhaith an misneach a bhí aige. Bhain sé Glaise Bheag amach an oíche sin¹.

Do bhí m'athairse, agus é ina gharsún, do bhí sé thuas ar an gcnoc so thuas lá. Tá loc thuas ann, agus tá loicín beag eile tamall amach bhuaidh, go mbíodh gabhair á chuir isteach ann – Loc

¹ Tá an míniú breise seo ag SÓD i bhfoirm fo-nóta: “Dúirt an Criomhthanach gur mná iad a bhí tréis bháis, agus gur gnáthach ná cuiridís sin aon chur isteach ar dhaoine, ach do chuirfeadh an bhean rua.”

Chlochán an Tairis¹. Do chonaic sé seisear ban istigh insa loicín bheag i lár an loic, agus seálanna dearga orthu. D'imigh sé siar. Níor dhíon leis fanacht ina sheasamh ag gabháilt anuas. Is amhla a chaith sé é fhéin. Bhí sé á *rolláil* fhéin, ag gabháil anuas nú gur tháinig sé as radharc na háite. Bhí bean a bhí ar an mbaile ag dul suas ag baint broсна í fhéin, agus garsún, agus do tháinig sé roimpi á stoc chun ná cífidís na mná. Níor dhein sí rud air. Chuadar chun cinn, is ní fheacadar éinní.

¹ “An ainm atá ar an loc mór”, a deir SÓD linn.

Tithe, clathacha, bailte, feirmeacha, teampaill agus teorannacha

400. *Ábhar fallaí tithe*¹

27.7.45

CBÉ, 1077: 4

Bhí tig cónaithe ar an Muirígh oibrithe isteach i bport gainimhe. Bhí poll tríd an bport in airde chun an deataigh. 'Chuimhin le m'athair é a dh'fheiscint. Tor sceach is dóigh liom a bhí sa doras. Ní raibh aon díon ná éinní air, ach an port gainimhe. Athair Seán Boc a bhí ann, é féin, agus a bhean, agus a chlann. B'shin é athair céile Cháit Mhicí sin ar an Muirígh. Bhí log [ar an] dtaobh amuigh do bhéal an doiris, agus thagadh an barra taoide isteach sa log, agus bhíodh sé lán do bhric bheaga. "Níl aon duine in Éirinn," a deireadh sé, "is deise éirí amach ná mé," nuair a bhíodh an log lán bhric.

Captaen David a bhí ag imeacht ansan aimsir na Sinn Féin – bhí tig déanta thoir ar an Min Ard aige. Tig déanta le slata. An dóigh leat ná gur chaith sé aimsir leis?

¹ Seanchas a bhailigh Seosamh Ó Dálaigh ón gCrimhthanach mar chuid de 'cheistiúchán' a bhí ar siúl ag Coimisiún Béaloideas Éireann ar ábhar fallaí tithe, agus a cuireadh mar 'aguisín' leis an gceistneoir a bhí líonta amach aige féin (c.f. Ó Súilleabháin, 1942: xix). Tá ag bun an leathanaigh seo an méid seo ó SÓD: "Chuala féin go raibh tig ar an gCam in aice le Trá Lí a bhí fite le slata agus é plástárltha le bualtaí ba."

401. *Córacha iompair*

15.8.45

CBÉ, 977: 330-332

Nuair a bhíodh na tithe á thógaint fadó acu, chaithidís dul comh fada le Cill Airne ag triall ar admhad. Ní raibh aon chairt acu chun é a thabhairt abhaile, ach do cheanglaídis ceann an adhmaid sa tsraithair, agus do thairrigídis i ndiaidh an chapail é. Ba chuimhin le m'athair gan aon chairt a bheith ar an dtaobh so 'o Dhaingean, agus theas ar an nGarrán a tháinig an chéad chairt, fear dos na Tomasaigh, ach deineadh amhrán do, agus lá Domhnaigh, bhí scata acu ansan thuas i mbarra an chnoic sínte. Bhí an Tomasach ann. Ach dúrthas leis amhrán a rá.

“Déarfaidh mé an t-amhrán a deineadh dom féin,” arsa é sin.

N'fheadarsa an raibh puinn san amhrán. Níor chuala-sa ach ceathrú dho. B'fhéidir ná raibh a thuilleadh ann.

D'éirigh sé suas rud nár dhual do, is do cheannaigh sé cairt,
cheannaigh sé srian, iallait, fuip, is *catlash*.

Chuir sé hata mín cíordhubh ar a mhaoill agus haincisiúir breac,
is díolfaidh an spré iad go léir nuair a thiocfaidh a bhean.

N'fheadarsa cá bhfuair an Tumasach an chairt. Bhíodh carra-shleamhnáin acu, agus tá siad san fós acu. Ní bhíodh aon roth fúthu. Bhíodar ann roimis na cartacha, ach iad ag tarrac i ndiaidh na gcapall. Bhíodh páil air, agus nuair a bhídís ag tarrac na gcloch chun tí a thógaint, is amhla a bhíodh dhá chathaoir ar an srathair acu, agus gad eatarthu, agus chuiridís na clocha in airde ar na cathaoireacha. Agus deiridís gurb aon oíche amháin a tógadh an teampall so thíos¹, agus is deacair é a chreidiúint mar conas a bhaileoidís na clocha? Dúirt Peaid Foley, saor gur aniar ó Chlochar a tháinig na clocha atá á thógaint.

¹ Tugann fo-nóta ó SÓD le fios gur Cill Maoilchéadair a bhí i gceist.

402. *Clathacha cloch agus seanchas eile*

[?].7.45

CBÉ, 977: 222-225

Clathacha cloch is mú a bhí ar an mbaile seo. Dúbaltha. Ní mór na clathacha fód a bhí ann, ach ábhairín a bhí ar na cnoic, ach tá clathacha *fushia* á dhéanamh le deireanaí. Do bhíodh deifir idir chlaí na teorann, agus an claí istigh sa talamh. Bhíodh breis leithead insa chlaí teorann. Do bhí fear ar an mbaile seo... agus tréis tú féin a mharú san am san ag briseadh goirt, á n-imeodh duine dos na comharsain, agus gé nú *present* éigin a bhreith go dtí an *agent*, bhí do ghort age duine eile... Ach do bhí fear ar an mbaile seo, agus nuair a bhíodh sé ag cur na bprátaí, na clocha a bhíodh insa chlais seo, chuireadh sé insa chlais eile iad, agus d'fhágadh sé ansan iad. Níor ghlan sé aon ghort riamh, agus níor corraíodh é. Bhíodh a thaobh fhéin ages na héinne don gclaí le cimeád suas. Is minic a chuala “falla samhraidh nú claí geimhridh.” Falla an tsamhraidh, níl aon teora leis, agus claí geimhridh, beidh sé ag greamú agus ag fáscadh go deo, ach claí an tsamhraidh, beidh sé ag imeacht ina cheo.

Do bhí saol ar an mbaile seo, agus ní raibh aon c[h]laí ann, ach spriocacha¹, agus aithne a choda féin ages gach éine acu, agus ní rabhadar ag réiteach ana-mhaith. Bhíodh na spriocacha á dh'aistriú i gan fhios. Ní bhíodh aon churadóireacht iontu.

Ar a fad a curtar na clocha s[n]a clathacha anso, clathacha tirime², ach á mbeadh claí ann go mbeadh an talamh sa ghort eile as a chionn, níl aon rud comh maith lé cloch a chuir ar a faobhar. Beidh sé ag breith greama geo de, claí tirim.

Tá sé ansan thall, na móintíní, agus bhí sé ina choimín tamall. Drocháit is ea é. Ní fheaca-sa ina choimín riamh é. Ach do bhí fear ar an mbaile, agus is minic a bhíodh sé ag cur síos ar conas a roinneadh iad. Bhíodh sé ar siúl ana-mhinic aige. Ach do bhí fear eile ar an mbaile, bhí sé istigh sa tseana-thig seo thíos againne lá, agus do bhailimh sé amach an luath, luath do mhóin an chnoic,

¹ An t-íolra a thugann an Criomhthanach don fhocal ‘sprioc’, is é a thugtar in *IED*, murab ionann agus FGB a thugann ‘-anna’. Tá míniú breise, leis, in *IED* ar an gciall a shamhlaíonn an Criomhthanach leis an bhfocal: “a stone, stick, etc., to mark a goal, target, or boundary, esp. in games, a stake or flag used in surveying, a landmark; a projecting rock”.

² l.s. ‘tiorma’

agus nuair a thairriceofá amach í sin, 'dhóigh leat go mbeadh sí múchta, is bhíodh sé craorac ina dhia' san. Ach dúirt sé le huncail domhsa, is é ina gharsún, dul ag glaoch ar fhear na móintíní riaráí¹. Ach do chuaigh, is do tháinig sé. Bhí an luath socair agem dhuine.

“Is é an gnó a bhí agam díot anois,” arsa é sin, “go neosfá dhom conas a riaráíodh clathacha na móintíní. Thairrig sé a méar tríd an luath.

“Féach, mar sin,” arsa é sin leis an gcéad chlaí.

Thug sé iarracht ar an tara claí, is ní fhéad sé é. Bhí na spréacha ceangailte isteach ina mhéir. Arsa é sin:

“Go mbeire an diabhal leis tú fhéin is móintíní, táim greadaithe agat.”

Bhí a mhéar ina spóla.

Do chuala go mbeadh crann fuinseoige ag fás taobh le claí teorann, agus go mbainfí² é, á raghadh an fear eile chun dlí go mbainfeadh sé amach a leath, mar go raibh na préamhacha tríd an gclaí. N’fheadar éinne ach an fhaid ó bhaile athá préamhacha fuinseoige. Má ghearrann tú préamh fuinseoige, caillfidh [tú] an oiread céanna don mbarra. Bhí triall agam féin air.

¹ Is é ‘riaracha’, gan dabht, an t-infhilleadh go mbeifí ag súil leis i gcás aidiacht ar lorg an tréaniolra.

² I.s. ‘mbainfinn’

403. *An Ghlas Ghaibhneach*

10.12.44

CBÉ, 967: 54-55

Bhí an ghlas ghaibhneach anso ar an gCill fadó. Ní hé gach aon bhaile a sháiseodh í. Sháiseodh an Chill go maith í, ach do tháinig bithiúnach oíche, agus do ghoid sé í, agus bhí sé ag gabháilt trasna leis an mbó, agus do bhuail fear leis istigh i ngort, agus maide féna ascaill aige, agus é ina sheasamh ansan.

“Cad atá ansan bhuit?” arsa é sin.

“Caithfidh mé fanacht anso,” arsa é sin, “mar gheall ar dhíobháil a dheineas, go bhfásfaidh biolar ar an maide.”

“Ó Dia linn,” arsa é sin, “is mó do dhíobháil déanta agamsa go bhfuil an bhó so goidte agam.”

Chuaigh sé in airde ar chloch athá ansan. Chuaigh sé ar a dhá ghlúin.

“Téir ar do dhá ghlúin ar an gcloich sin,” arsa é sin.

Bhí ionad a dhá ghlúin insa chlaí ó shin. Tá an chloch ar thaobh an bhóthair ar an mbaile seo. Tá an rian fós inti, agus d'fhan an bhó in aice leis, agus d'fhág sí rian a crúibe¹ i gcloch eile².

¹ l.s. 'cruibe', agus líne ag an nDálach fén nguta 'u' le cur in iúl gan síneadh fada a bheith ann.

² I gcomhrá a bhí againn lá sa Díseart i nDaingean Uí Chúis, dúirt an Monsignor Pádraig Ó Fiannachta, ar dheis Dé go raibh a anam uasal, gur cuimhin leis lá lena óige gur tugadh ar thuras chun na Cille é, gur bhuail le Seán Mac Criomhthain, agus gur taispeánadh dó cloch dhiamhair éigin ar dealraitheach í leis an gcur síos anseo ó Sheán Mac Criomhthain. Is é seo a leanas an cur síos a dhein Seán Ó Dubhda ar an gcloch: “Tá gort Uí Cow, an gort, crúb na bó, go mbíodh an ghlas gaibhneach, an bhó a bhí ag na manaigh, ar féarach suas ó thig an Chriomhthanaigh, idir é is na gáirdíní. Is ann a fuairtheas an chloch go raibh rian crúib na bó inti, agus rian mhaide an bhithiúnaigh fé chré. Bhí rian an dá chrúb sa chloich, ach bhí ceann acu briste ag an ord sarar tugadh fé ndeara é. Bhí iomar d'uisce coisricthe in aice leis an gcloich sin... Tá crúb na bó is an iomar chun coimeádta istigh sa chlaí ag mac [Sheáin Óig], (CBÉ, 1115: 29).

404. *Carraig na bPiléar*

11.3.45

CBÉ, 968: 150

Bhí ártach lá ag gabháilt lasmuigh don gCarraig dhubh, agus do stad sí piléar gunna móire fé dhéin teora Cathair Scoilbín agus na Cille, agus do bhí Carraig Mhór cloiche ann. Dhein sí dhá leath dhon gCarraig. D'aithneodh éinne uirthi gurb amhla a deineadh í scor óna chéile. Carraig na bPiléar athá mar ainm uirthi.

405. *Fear a cuireadh fé leac a thinteáin féin*

[?].1.46

CBÉ, 979: 64

Chuala trácht ar fhear a cuireadh fé leac a thinteáin féin. Fear a bhí ann, agus bhí a thig in aice leis an roilig. D’fhág sé an tig, agus an áit go raibh an tig, scaoileadh leis an roilig é, agus nuair a cailleadh é, is é áit a cuireadh é thíos fé leac a thinteáin féin. Tá sé nú seacht do gharraithe istigh leis an roilig seo thíos. Na póirt¹ a thugaidís orthu, agus bhí sé ráite le sinsearach gur i gclathacha an phoirt a bhí an t-airgead, ach tháinig fear capall iallaite maidean thíos go dtí *step* na roilige. Stróinséir ab ea é. Chuaigh duine éigin féna dhéin ach go háirithe. Mheas sé gur ag féachaint ar an dteampall a bhí sé ag teacht. Thairrig sé amach mapa.

“Ciacu acu san an póirt?” arsa é sin.

“Sin póirt, sin póirt, agus sin póirt,” arsa an té a bhí ag caint leis.

Níor labhair sé aon fhocal eile, ach bailiú leis. Mara n-áireodh sé ach aon phort amháin, b’fhéidir go raghadh sé ag lorg an airgid ann.

Cén ainm athá ar an roilig anso thíos?

Cill Maoilchéadair. Ní thugann éinne anois air ach “an Chill” mar ar mhaith leo. ‘Cillmilcéadair’ a deir daoine, agus ‘Cillmicéadair’ a deir a thuilleadh. Tháinig duine uasal lá Domhnaigh thíos anso age cró na snáthaide². Bhí m’athair amuigh anso. Bhíos fhéin ag an aifreann. Labhair sé leis go galldha³ bhuaidh aníos.

“Níl aon ghnó agat díom,” arsa m’athair.

“Tá,” arsa é sin á dh’fhreagairt as Gaelainn, “cé atá ina bhun san?” arsa é sin.

Dá bhfiarthódh sé dhomhsa é ach go háirithe, déarfainn gurb iad na Connors so thíos a bhí ina bhun. Bhí leabhar aige.

“Maolchéadair,” arsa m’athair.

¹ l.s. ‘púirt’ tríd síos

² “Fuinneog insa bhfothraigh atá sa roilig” arsa SÓD linn.

³ l.s. ‘galla’. Bhí Seán ag tabhairt le fios sa bhfocal seo gur as Béarla a chéadlabhair an t-athair leis an duine uasal seo a chas ar an nGaeilge.

“Micéadair!” arsa é sin.

“Bí ag tabhairt ‘Mic’ air faid is maith leat,” arsa m’athair, “ach Maolchheadair is ea é le ceart.”

“Maol – céad – fhear,” arsa m’athair leis.

Is dealraitheach gurb é an chéad fhear a cuireadh ann é.

“An nglaofá ‘maol’ ar aon rud eile?” arsa é sin.

“É! Is mó rud go nglaofá ‘maol’ air. Á mbeadh bó ná beadh aon adharc uirthi, déarfá bó maol, nú tugaimid maolchnoic ar na cnoic íseal.”

“Tá déanta ana-mhaith agat,” arsa é sin.

Bhailimh sé leis.

Stairsheanchas

406. *An líon*

[?].3.49

CBÉ, 1151: 230-233

Ní cuimhin liomsa aon líon a bheith á oibriú, ach do chuala trácht thairis. Chuiridís ar bogadh i bpoill an líon, agus is mú áit go raibh poll lín. Bhí poll lín ansan thíos fé bhun tig Mhaidhc O'Donnell, agus bhí na sagairt ar an mbaile seo an uair sin. Leis an sagart ab ea an gort go raibh sé. Chuir m'athair críonna líon ann, agus stop an sagart é. Dúirt sé leis é a thógaint as. Thóg sé as é, agus dhein sé poll é fhéin anso thuas [ar] dtaobh thuas don áit go raibh an sagart ag tógaint an uisce. Chuala an sagart é, agus dúirt sé leis é a thógaint as, agus é a chuir síos arís. Tabhair a cheart féin don sagart, ach ná tabhair níosa mó ná san.

Bhí fear ó Chúige Chonnacht agus iníon insan áit seo fadó, agus bhí an iníon nótáltha chun lín a léiriú. Bhíodar ag obair ar an líon. Bhíodar tamall maith timpeall. Is iad ag imeacht nuair a bhíodar ag déanamh suas ar Bharra Mhullach Bhéal, is ea, bhuail breoiteacht linbh an iníon.

“Mo mhallacht ar Dhuibhneach,” a dúirt sé,

“agus ar ar fhás riamh don líon ann,

agus ar a bhfásfaidh choíche.”

Bhí fear seirbheála thíos insa Leitriúch fadó, agus bhí dorn próiseasaí aige don áit seo aníos. Tháinig sé aníos go dtí barra Mhullach Bhéal. Bheir sé ar na próiseasaí ina dhorn.

“Seirbheálaim bhuam siar sibh¹,” arsa é sin.

Scaoil sé leis an ngaoith iad.

¹ .i., casadh á bhaint as na focail a dúirt Naomh Pádraig ina sheasamh dó ar chnoc in Ard Phádraig agus é ag féachaint ar Chiarraí bhuaidh siar. Tá fianaise sa tagairt seo ón gCríomhthanach don méid a scríobh Pádraig A. Breathnach mar gheall ar Naomh Pádraig i dtraidisiún Iarmhumhan: “the unique body of traditions we have here linking the national apostle directly with South West Munster, has left no trace trace in the folklore of West Kerry. There it is the older tradition that has survived, according to which Patrick never visited Kerry and did no more than to extend his blessing to its people with the words ‘Beannaím uaim siar sibh!’” (Breathnach, 1977: 65-66).

***Bean ón saol eile sa Chonair*¹**

Bhí fear ag dul abhaile síos 'on Leitriúch ón nDaingean istoíche. Bhí garsún leis in aonacht leis, agus buachaill aimsire. Bhíodar é féin agus an buachaill aimsire ag siúl le cliathán na cairte, agus bhí an garsún i ndiaidh na cairte aniar. D'fhéach an t-athair siar fé chionn tamaill, agus chonaic sé an bhean ag siúl taobh leis an ngarsún. Phrioc sé an buachaill aimsire, agus d'fhéach sé, agus chonaic sé í. Ghéaraigh an capall amach, agus bhí a ndóthain cúraim orthu é a chimeád. D'fhiarthaíodar don ngarsún ina dhia' san an bhfeaca sé éinne. Dúirt sé ná feacaigh, agus ná raibh éinne ina theannta. Tá sé ráite go bhfeicfeadh beirt rud mar sin, ach ná feicfeadh an triú duine. Deir siad go bhfuil an bhean san á dh'fheiscint fós ann, agus chítear bean insa Mhám so siar, Mám Bhaile na nÁth ansan idir Cor an Choma agus Barra an Mháma. Nách í a chuir fear ón mBaile Uachtrach insan áit go raibh sé. Chonaic sé í, agus lean sé í, agus lean sé anuas chun Baile na nÁth í. Chuaigh sé ana-dhian air, agus is dóigh liom go dtáinig a dhóthain d'eagla air ar deireadh. Ní fada ina dhia' san ná gur chuaigh sé as a cheann.

Cleas seoigh

Bhí Sullivan ón gCoimín lá comhairí thíos ar an gClochán Dubh. Bhíodar ag feitheamh leis an gcomhairí. Chuaigh sí isteach go tig an Loinsigh. Nuair ab am leis an corp a bheith á thógaint amach:

“Ní foláir,” arsa é sin, “nú tá se in am anois é seo a bheith á thógaint amach.”

D'fhéach sé timpeall an tí go bhfeicfeadh sé an t-am. Ní fheaca sé aon chlog ann. D'éirigh fear an tí. Chuaigh sé go dtí doras an tseomra. D'oscail sé an doras, agus d'fhéach sé síos.

“Tá sé leathuair tréis a haon,” arsa é sin.

“Cheapas go raibh sé ag déanamh ar a dó,” arsa Sullivan.

Ní raibh aon chlog sa tseomra.

¹ Bhailigh Seosamh Ó Dálaigh an mhír seo in CBÉ, 977: 71-72, ach amháin gur Seán Ó Dubhda an té a raibh an bhean seo ón saol eile ag siúl sa chuntas eile.

Nár mhór an obair don gclog, a bhí stadaithe ar feadh dhá bhliain thíos ar an Muirígh, gur bhuail sé.

407. *Lear Keye agus seanchas eile*

[?].1.48

CBÉ, 1035: 222-226

Athair Lear Keye a bhí sa Daingean, píleoit ab ea é. Bhí aithne agat ar Lear Keye¹. Bhíodh sé ag dul amach nach aon aimsir i mbáidín go dtí árthaí, ach bhí sé ag dul amach an oíche seo, agus droch-oíche ab ea í, ach dúirt sé agus é ag fágaint go raibh an-eagla air. Fiarthaíodh do canathaobh. Dúirt sé go raibh réilthín ana-gheairid don ngealaigh. D'fhan sé amuigh an oíche sin. Ní foláir nú droch-chomhartha an réilthín a bheith ana-gheairid don ngealaigh.

*Eachtraithe ar Phiaras*²

Bhíodh a lán filí ag déanamh ar P[h]iaras Feirtéar a d'iarraidh an lá a dh'fháilt air. Tháinig duine acu chuige lá. Shuigh sé ar an gcathaoir.

“Cé hé tusa?” arsa Piaras.

“Tá m'ainm fúm, agus mo shloinne as mo chionn.”

“Dé beatha id shláinte a Chathaoir Uí Chába,” arsa Piaras³.

Ghaibh fear eile chuige lá.

“Cad as a ghaibhis?” arsa Piaras.

“Ghaibheas anoir aniar aneas, ní rabhas riamh gan eas.”

Bhí eas istigh i bpaca aige.

“Scaoil bhuit feasta í,” arsa Piaras, “ná bí á hiompar.”

Gaimbléir nútáltha a tháinig féna dhéin babhta eile. Chuir Piaras suite ar chathaoir é, agus scáthán ar dtaobh thiar do. D'fhiarthaigh Piaras do gadé an ainm a bhí air.

¹ Ní léir ó thuairiscí daonáirimh na mblianta 1901 agus 1911 a leithéid de dhuine a bheith in aon áit sa tír.

² Tá an eachtra seo ar Phiaras agus eachtraithe eile mar í le fáil in §373 | CBÉ, 967: 218-221.

³ Macalla béaloideasúil as véarsa ex tempore a chum Cathaoir Mac Cába le beannú dá chara Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin, an cruitire a bhí ar thuras. Tá an véarsa ar fad le fáil in Tomás Ó Máille, *Amhráin Chearbhalláin*. Irish Texts Society 1916.

“File folamh,” arsa é sin.

Bhíodar ag imirt. Níl aon chárta a ghaibh chuige ná raibh a fhios age Piaras. Dhein sé cimil an mháilín do. Ní raibh pingin ina cheirt ná raibh buaite age Piaras nuair a bhí sé ag imeacht bhuaidh ar maidin.

“Is ea,” arsa Piaras, “is fear mar t'ainm tu ar maidin im fhágailse.”

Ghaibh fear eile chuige lá eile.

“Cad as a ghaibhis,” arsa Piaras.

“Ghaibheas anoir aniar “unair”¹ inné.”

“Bhí arm maith folláin fút,” arsa Piaras.

Bád daraí a bhí aige.

Bróga peirce

Ní cuimhin leatsa bróga peirce a bheith á chaitheamh. Bhí fear bocht ar an Muirígh. Bhí sé ag baint móna lá samhraidh. Bhí meitheal ann. Bhain sé dho na bróga. Bhí tine ar an bportach. Tháinig fear deas, agus ba ghránna an cleas é, agus chuir sé le hais leis an dtine na bróga. Leaghadar. Ní raibh aon namhaid acu ach an tine. Nuair a chaitheadh na peirceanna, chuiridís tosaí peirce fúthu. Dheinidís an seana-pheirc a bhailiú, agus chuiridís blúire iarainn 'on tine, agus dheinidís é a dheargadh, agus dheinidís ansan é a chimilt do bhonn na bróige, agus é a leaghadh leo, agus leaghaidís an pheirc eile anuas air.

An cat

Cheannaigh an cat fadó le trí leathphinginí a bhí aige, trí bhua, siúl ciúin, radharc istoíche comh maith leis an lá, agus dearúd mhná an tí². Bhí pingin ag an ngé, agus cheannaigh sí blúire ime, agus chimil sé di féin an t-im, agus ó shin riamh, s[h]leamhnaíodh an bháisteach di. Bhí pingin ag an gcirc, agus cheannaigh sí blúire ime, ach tháinig dúil san im aici, agus d'ith sí é, agus caitheann sí

¹ .i., “i ndair”, faoi mar a chuireann nó ó SÓD in iúl dúinn.

² Tá an méid seo ón gCrimhthanach áirithe in TIF faoi 200 D Why the Cat is Indoors and Dog Outside in Cold, agus luaitear MI A2252.1 leis: “Another by-form tells how the cat purchased certain advantages with money.”.

sin teitheadh ón mbáistigh ón uisce.

Muiris na Laidhre

Bhí fear ar an mbaile seo go dtugaidís Muiris na Laidhre air. N’fheadar cén ainm a bhí air. Bhí bothán aige ar dtaobh thuas don bhfothrach mhór ansan thoir. Fothrach Bhreandáin. Is dócha go bhfuil sé céad bliain anois ó bhí sé ann.

“Níl éinne ar an saol,” a deireadh sé, “á mhaith leis é, ná féadfadh amhrán a dhéanamh.”

“Ná déanfá-sa mar sin é,” arsa duine éigin leis.

“Níl aon tsaghas ní agamsa,” a dúirt sé, “fê chlathacha¹ an tí seo,

ach bord, agus canna, agus stól bacach na dtrí gcos,

báille, má thagann, ní mór é mo bhinn air,

mara mbéarfaidh sé bhuam leanbh nú seana-bhean chríonna.”

Beirt nár chuaigh ar thórramh

Bhí beirt ag dul ar thórramh, turas fé mar a bheidís ag dul síos ar an Muirígh ón mbaile seo. Nuair a bhíodar ag déanamh ar thig an tóiraimh:

“Tá an oíche an-fhada,” arsa duine, “raghaimíd go Baile na nGall ar dtúis, agus ólfaimíd cúpla deoch, agus tiocfaimíd ar an dtórramh ansan.”

Chuarad go tig an óil, agus d’fhanadar ann, agus níor thánadar ar an dtórramh. Bhí giní agus coróin i bpóca dhuine acu ag dul isteach go tig an óil. Ní raibh faic ar maidin aige.

“Mo chreach agus mo scóladh,” a dúirt sé, “nách i dtig an tóiraimh a dh’fhanas aréir,

sochas a bheith im stróille i dtig an óil ar meisce gan chéill,

mo ghiní is mo choróin a bhí im póca ar maidin inné,

ag glioscarnaigh spóirt i bpóca bhean an leanna gan bhaol.”

1 l.s. 'cleathacha'

Tabharfaidh mé leath an Choma dhóibh¹

Bhí fear ag déanamh cleamhnais dá mhac fadó thoir ar an gCom. Bhí sé á chuir mar chliamhain isteach. Bhí an cleamhnas ar siúl.

“Tabharfaidh mé leath an Choma dhóibh,” arsa athair an chailín óig.

Níor thóg éinne aon cheann do, ach bhí athair an bhuachalla ag éisteach leis. Níor labhair sé focal. I gcionn tamaill dúirt sé arís, “tabharfaidh mé leath an Choma dhóibh.”

“Dhera, b'fhéidir go dtabharfá, agus an Com ar fad dóibh,” arsa athair an bhuachalla ag éirí, agus ag bualadh an doras amach.

Níor áirimh athair an chailín óig go dtabharfadh sé aon phioc dá chuid talún féin dóibh.

¹ Tá an méid seo le le fáil leis in §258 | CBÉ, 977: 435-439.

408. *Na Danes*

[?].1.46

CBÉ, 979: 177-178

Ar chualaís t’athair riamh ag eachtraí ar Chromail?

Níor chuala mhuise.

Ar chualaís riamh nuair a phósann cailín dos na Danes ina tír féin go ngealltar blúire talún in Éirinn di?

Chuala é sin. Ghaibh stróinséir thíos go dtí Micí na gCloch thíos i Sráid na nGabhar. D’fhiarthaigh sé dho an raibh aon chur amach aige cá raibh Ballybowler¹. Dúirt Micí go raibh a fhios aige go maith cá raibh sé.

“An bhfuil talamh maith ann?” arsa é sin.

“Tá mhuis,” arsa Micí.

“Sin é atá ceapaithe domhsa a dh’fháilt,” arsa é sin.

Bhailimh sé bhuaidh. Is dealraitheach gur duine dos na *Danes* ab ea é. Bhíodh sé age m’athair:

“Uisce beatha binn búch,

ina labharthaí ar siúl,

agus maide ó choill úr craidhreach,

mil Ghréig² agus beoir Lochlannach.”

Bhí na *Danes* anso fadó.

¹ Tá dhá “Ballybowler” éagsúla, ar logainm.ie, .i., “Baile an Bhúlaeraigh Thuaidh” agus “Baile an Bhúlaeraigh Theas.”

² I.s. ‘Gréuig’, défhoghar, b’fhéidir, á chur in iúl ag an scríobhaí.

409. Na Lochlarnaigh¹

[?].12.47

CBÉ, 1093: 37-42

*Beoir nó lionn do dheineadh na Lochlannaigh den bhfraoch – aon scéal mar gheall air? Gairdíní
fraoigh ag na Lochlannaigh, nó claíocha do dheineadar?*

Is don bhfraoch a dheineadh na Lochlarnaigh² an bheoir, do bharra an fhraoigh³:

“I mbarra an fhraoigh a bhíonn an bheoir,
agus i mbun an aitinn a bhíonn an t-ór.”

Bhíodh focail eile age fear ar an mbaile seo:

“Uisce beatha a bhíonn búch,
ina labharthaí ar siúl,
agus maide do choill úr craorac,
mil Ghréag agus beoir Lochlarnach”

Bhíodh na focail sin aige⁴. Níor chuala éinní eile bhuaidh ach na focail sin.

Chualaís mar gheall ar an mbeirt dheireanach dos na Danes, bhíodar ar fad díbeartha marbh go dtí
aon bheirt amháin, an t-athair is an mac. Theastaigh bhuathu ansan cuntas a dh’fháil ón mbeirt
conas a dheinidís an bheoir.

“Tusánfaidh mé dhíbh conas é a dhéanamh,” arsa an t-athair, “ach maraídh mo mhac.”

Do mharaíodar.

“Maraídh mise anois,” arsa é sin, “mar ní neosfaidh mé go deo díbh é.”

¹ Freagraí is ea an méid seo ar cheisteanna 1-9 a bhaineann le ceistneoir de chuid an Choimisiúin dar theideal ‘Na Lochlannaigh’. Tugtar an bhileog sin ag bun na míre seo.

² Líne fén ‘r’ sa bhfocal seo ag SÓD.

³ c.f. TIF 2412E.

⁴ Bhí focail bhreise ag Seán Mac Criomhthain, leis, in CBÉ, 968: 70-73: “Úir óir – aiteann, úir airgead – luachair, úir ghorta – an fraoch, mar bíonn sí go léir ruaghlas.”

Bhí eagla air dá rithfeadh leis an mac, go mbreabfaí é, agus go dtabharfadh sé an cuntas dóibh. Ní raibh aon chuntas age muintir na hÉireann riamh ó shin air. Faid a bhíodar in Éirinn, bhídís ag tabhairt aire dhon bhfraoch chun na beorach a dhéanamh, agus bhíodh a phaiste féin ages gach éinne, agus bhíodh spriocacha mar theora acu, agus tá cuid dos na spriocacha fós ann. Ní raibh aon chlathacha móra déanta acu, ach na spriocacha. Ba chuimhin le m'athair gach aon chlaí a thógaint ar an gcnoc san thuas, ach aon chlaí amháin. Claí an Bhréagaire a ghlaoidís air sin, pé brí a bhí leis.

An luaitear aon áiteanna sa cheantar leis na Lochlannaigh ar chúis éigin? Liosanna (ráthanna, dúin, etc.)? Caisleáin, teampaill, nó mainistreacha? Reiligí nó uaigheanna? Bóithre, clocha, nó tobracha fé leith? An bhfuarthas san áit sin aon rudaí (ar nós píobaí beaga, abair) a cuirtear i leith na Lochlannach? Cad iad féin, agus cad a deineadh leo? Aon chuntas ar an áit chónaithe a bhíodh acu?

Níor chuala riamh aon chuir síos go raibh aon áitreabh anso acu, acu is dealraitheach gur sa liosanna a bhíodar. Is minic a fuarthas píp leo i seana-chlaí nú i seanfhalla. Deireadh daoine gur píp luthragáin í, agus deir daoine eile gur ages na Lochlannaigh a bhídís. Pípeanna ana-bheaga ab ea iad, pípeanna cré, agus cos fhada astu. Bíonn rian an tobac ar gach aon cheann acu. Choimeadaidís iad nuair a dh'fhaighidís iad. Ní baintí aon úsáid astu chun tobac mar bhíodar róbheag.

An bhfuil aon chuntaisí le fáil i seanchas na háite ar an tslí a d'iompair na Lochlannaigh iad féin sa tír seo, cuir i gcás: gur bhaolach don té go mbeadh bean bhreá aige nó bhán; creach agus robáil agus dó, agus troid ina gcoinnibh; an tslí do sáraíodh na Lochlannaigh i ndeireadh báire, do réir seanchais na ndaoine; an tslí a fhágadar an tír (in aon oíche amháin, cruite iompaithe fés na capaill etc.)? Comhachtaí fé leith a bhí ag na Lochlannaigh, dar le daoine?

Níor chuala riamh aon chuir síos ar conas a dh'iompraíodar iad féin anso ná go raibh aon bhaol ar bhean bhreá lena linn, ach tá sé ráite riamh gur rudaí mí-ráthúil “bó bhán, bean bhreá, nú tig ar ard,” agus gurb iad na rudaí is rathúla a bhí age duine riamh “tig i liúb, ba dubha, agus bean mheirgeach.”

Bean bhuí is ea bean mheirgeach. Ní raibh aon tseans go gcuireófaí bean mheirgeach.

Scéalta ar ór nó ar shaibhreas d'aon tsaghas eile a d'fhágadar i bhfolach in Éirinn ina ndiaidh? An bhfuil scéal mar gheall ar fhear a chuaigh go Críocha Lochlann (seandúine do casadh air ann, turas go hÉirinn ag lorg rásúir, cat nó dobharchú á marú, radharc ag an bhfear ar shaibhreas i bhfolach nuair a d'ól sé an anraith, an saibhreas ar fáin nuair a dh'ith sé an fheoil? Aon scéal ar Lochlannach a tháinig go hÉirinn i bhfad ina dhiaidh sin, nó Éireannach a chuaigh go Críocha Lochlann, agus cad a d'imigh air?

Is dócha gurb iad a dh'fhág an t-ór ina ndiaidh i bhfolach sa dúthaigh seo. Quinlan a bhí thoir i bParóiste Lios Póil fadó, bhí sé ar bord árthaigh, agus seoladh isteach go Tír na Lochlannach é, agus do chuaigh sé isteach go dtí an áit go raibh an rí ina chónaí¹. Bhí an rí suite ar chathaoir, agus ní chífá súil ná béal ann age féasóig, ach d'fhiarthaigh sé do Quinlan cad as é. Dúirt Quinlan gurb ó Éire.

“Gadé an áit ansan gurb as tu ?” arsa é sin.

“Ó Pharóiste Lios Póil,” arsa Quinlan.

“An bhfuil aithne agat ar an lios atá ina leithéid seo dh'áit?” arsa é sin, “an gort go bhfuil sé,” arsa é sin, “Gort Uí Choinleáin is ainm do.”

“Tá aithne agam air,” arsa Quinlan.

“Dhéanfá an-áis dom,” arsa é sin, “dá raghfá go dtí an lios atá ansan, agus leac atá ann a thógaint in airde. Tá doras ag dul isteach ann,” arsa é sin, “agus tá bord istigh ann,” arsa é sin, “go bhfuil mo rásúr agus mo chuid gallúnaí, agus mo thubháille. Á dtabharfá chugham iad san,” arsa é sin, “do dhéanfá an-áis dom.”

“Déanfaidh mé é,” arsa Quinlan.

“Má théann tú ann,” arsa é sin, “seo scian duit, agus tá cat istigh ann, agus tusáin an scian do.”

Tháinig Quinlan abhaile. Níorbh fhada go gcuaigh sé fé dhéin an leasa. Do thóg sé in airde an leac,

¹ Tá insint eile ar an méid seo in CBÉ, 968: 70-73 mar a luaitear “Seán na Bánóige” mar phearsa san eachtra seo, rud nach luaitear anseo.

is do bhí doras ag dul isteach ann, agus slí mhaith istigh ann. Bhí an cat ann. Thusáin sé an scian don gcat. Chúb an cat chuige. Bhí an bord ann, agus do thóg sé an tubháiille agus an rásúr agus an gallúnach. Do shocraigh sé an leac arís sa doras ina dhiaidh. Níorbh fhada go n-imigh sé chun farraige aríst, agus do chuaigh isteach go dtí cuan na Lochlarnach. Chuaigh scéala isteach go dtí an rí go raibh sé ag teacht.

“Dhé mhuisse,” arsa an rí, “ba shin é an [t]súil nár síolach agamsa,” a dúirt sé, “go dtiocfadh sé arís.”

“Mhuisse dé [id] bheatha-sa,” arsan rí nuair a tháinig sé isteach.

Thairrig sé amach a rásúr agus an ghallúnach agus a thubháiille.

“Is ea,” arsa an rí, “bearrfaidh tú anois me. Táim gan bearradh anois,” a dúirt sé, “ó dh’fhágas Éire.”

“Bearrfaidh mé,” arsa é sin.

Fuair sé uisce, is is dócha go gcaith sé mórán sobail a chuir fé. Bhearraigh sé go slachtmhar é. Nuair a bhí sé glanbhearrtha ansan, do thug sé a phá go slachtmhar do.

“Bí ag cuir díot anois comh tapaidh is a dh’fhéadfair é,” arsa é sin, “tá déanta go hana-mhaith agat, ach dá bhfaigheadh muintir na háite timpeall,” a dúirt sé, “amach cad as tu, ní fhéadfainnse tu a chosaint. Beidh *rejoice* mór timpeall ormsa anocht,” a dúirt sé, “nuair a chífear me, ach déanfaí ceirteacha dhuitse¹ ar a shon sin,” arsa é sin.

Chuala scéal eile mar gheall ar Éireannach a chuaigh go Tír na Lochlarnach. Tá sé imithe as mo cheann. Casadh isteach i dtig é, agus bhí seandúine thall sa chúinne ann. D’fhiarthaigh an seandúine dho cad as é. Dúirt sé gurb ó Éirinn é.

“Trom do lámh,” arsa é sin.

Bhí an lámh aige á shíneadh chuige, ach comhairlódh é, agus n’fheadar ná gur cró iarainn a shín sé chuige. Rug an seandúine ar an gcró, agus dhein sé blúiríocha dho – lé díomas chun na nÉireannach. Chloisinn go raibh an t-ór i bhfolach fé thalamh in Éirinn acu, pé áit go raibh sé. Sin

¹ Tá nóta ag an bpointe seo ó SÓD a chuir in iúl gur cirte ‘díotsa’ a rá.

rud eile a chuala:

“Is é Brian a thug an riail cheart go hÉirinn,
agus do dhíobair na *Danes* as a ríocht,
agus Ó Súilleabháin Buí Bhéarra agus a chlaíomh.”

Piseog a deir go bhfaigheann Seana-Lochlannaigh a bhíonn ag fáil bháis anois talamh in Éirinn le huacht ag a clainn mhac; nó gur i gciseáin a bhíonn ar crochadh leis an bhfalla a cailltear na Seana-Lochlannaigh anois, agus nach sa leabaidh – cuntas ar a leithéid sin.

Is minic a chuala nuair a bhíodh feirmeoir i dTír na Lochlarnach ag fáil bháis nú ag déanamh cleamhnais go bhfágadh sé i gcónaí an áirithe sin talún in Éirinn mar uacht nú mar oidhreacht agena mhac.

An bhfuil aon daoine sa cheantar san d’fhuil Lochlannaigh, dar le daoine?

Deiridís go raibh *breed* na *Danes* iontu so go raibh ceann dearg orthu, ach níor chuala go raibh aon treabhchas áirithe dhóibh.

Aon scéal nó aon tseanchas eile ar na Lochlannaigh?

Is minic a chuala. Bhainfeadh an lá inniubh an croiceann dos na *Danes*. Lá cruaidh fuar.

COIMISIÚN BÉALOIDEASA ÉIREANN

CEISTIÚCÁN : NA LOCLANNAIS

Tá geall le míle blian caite anois ó briseadh ar na Lochlannaigh sa tír seo, agus tá go leor scríobta ag stáraithe ina taob le blianta fada anuas. Ní foláir nó cuair na Lochlannaigh go mór i bpeiríom ar ghná-saol na ndaoine go mbíod baint aca leo, agus níorb iongnadh go mbeadh scéalta agus seanás agus piseóga le fáil fós ina taob sa tír seo. Tá san amhlaid; maireann roinnt eolais den tsaghas san fós ó béal go béal, ac níl amhras ná gur caillead mórán eile de ó cumhne le himteacht na haimsire. Luairtear na Lochlannaigh go minic anois leis na liosanna agus leis na dúile neam-saolta go bfuil cuntaisi ortha le fáil com pairsing sin sa tír seo. Ní fada eile a mairfid na neite sin ar béalaib daoine, am, agus tá an iarraect so agaim a déanamh, leo' cabair-se, ar iad a cur i gcineadh i scríobhinn. Do beimis ana-buirdéac díot ac don cuntaisi atá le fáil timcheall ort ar na Lochlannaigh do scrí síos dúinn.

1. Beoir nó lionn do dmeadh na Lochlannaigh den bfráoc—don scéal mar geall air? Fáirvini fraoig ag na Lochlannaigh, nó cládtaca do dmeadhair?
2. An raib don baint speisialta ag na Lochlannaigh le (a) cearca, (b) dreoilíní, (c) madai ruada, (d) easóga, (e) frogsanna? Cad é féin? Planadaí gur fás na Lochlannaigh a rian ortha.
3. An mbíod móðanna oibre speisialta ag na Lochlannaigh, cuir i gcás, ag dóga doil nó cun an talam do leasú?
4. An luairtear don áiteanna sa ceanntar leis na Lochlannaigh ar cúis éigin: liosanna (rácanna, dúin etc.); caisteáin, teampoill, nó mainistreacla; reiligi nó uaganna; bóitre, cloca, nó toibreacla fé leir? An bpuarctas san áit sin don ruadaí (ar nós piopáí beaga, abair) a cuirtear i leir na Lochlannaigh? Cad iad féin, agus cad a dmeadh leo? Don cuntas ar an áit comnuite a bíod aca?
5. An bfuil don cuntaisi le fáil i seanás na háite ar an tslíge d'iomchuir na Lochlannaigh iad féin sa tír seo, cuir i gcás: gur baolac don té go mbeadh bean breá aige nó bó bán; creac agus robán agus dóga, agus troir ina gcoinnib; an tslíge do sáruigeadh na Lochlannaigh i ndeire báire, do réir seanáis na ndaoine; an tslíge fásadair an tír (i n-don oirde amáin, cruite iompaite fés na capall etc.)? Comáctai fé leir a bí ag na Lochlannaigh, dar le daoine?
6. Scéalta ar ór nó ar saibhreas d'adon tsaghas eile d'fásadair i bpolac i n-Éirinn ina ndiaid. An bfuil scéal mar geall ar fear a cuair go Críoca Lochlann (seandume do casaí air ann, turas go hÉirinn a' lorg rásuir, cat nó doobarcaí a marbú, radarc ag an bpeir ar saibhreas i bpolac nuair ól sé an anbhuit, an saibhreas ar fán nuair d'it sé an feoil)? Don scéal ar Lochlannaigh a táinig go hÉirinn i bfrad ina diaid sin, nó ar Éireannaigh a cuair go Críoca Lochlann, agus cad d'imctis air?
7. Piseóg adoir go bfrágann seana-Lochlannaigh a bíonn ag fáil dáis anois talam i n-Éirinn le h-uadact ag a gelamh mac; nó gur i gciseáin a bíonn ar crocadh leis an bfalla a cailtear na seana-Lochlannaigh anois, agus naé sa leabair—cuntas ar a leicéirí sin.
8. An bfuil don daoine sa ceanntar san d'fuil Lochlannaigh, dar le daoine?
9. Don scéal nó don tseanás eile ar na Lochlannaigh?

An ceistneoir a dháil an Coimisiún ar na bailitheoirí d'fhonn eolas a bhailiú ar na Lochlannaigh (CBÉ, 1093: 2)

410. *Seán na Bánóige*

4.3.45

CBÉ, 968: 70-73

Bhí fear ina chónaí ar an mBánóg fadó¹. Do bhíodh sé ag iascach. Bhí bád acu. Théidist chun na farraige. D'imíodar aon lá amháin, agus is é an áit a casadh iad isteach go Tír na Lochlarnach. Do chuaigh Quinlan isteach, agus d'imigh sé fén áit, agus is é an áit a chuaigh sé isteach go tig rí na Lochlarnaigh. Bhí sé ansan istigh suite ar chathaoir, agus do bhainfá buille féasóige dho lé speal, bhí oiread san féasóige air. D'fhiarthaigh sé dho cad as é. Nis sé dho. D'fhiathraigh sé do cad é an baile ansan gurb as é. Nis sé dho.

“Bhuel,” arsa é sin, “dhéanfá an-áis,” arsa é sin, “á ndéanfá an méid a déarfadh mé leat, an méid cúirim a chuirfidh mé ort. An bhfuil a fhios agat,” arsa é sin, “cá bhfuil Gort Uí Choinleáin? Tá lios istigh ann sa chúinne. Nuair a raghaidh tú abhaile,” arsa é sin, “á raghfá go dtí béal an leasa, agus an leac athá ann a thógaint in airde, agus dul isteach, tá bórd ansan istigh, tá mo rásúr, agus mo chuid galúnaí, agus mo thubháille ann. Tá cat istigh ann,” arsa é sin, “ach tabharfaidh mé scian duit, is ní gá duit ach an scian a theasáint don gcat, ní chuirfidh sé cor do. Á dtabharfá chugham iad san,” arsa é sin, “dhéanfá an-áis.”

Tháinig Quinlan abhaile, agus do chuaigh sé go dtí an lios, agus do thóg sé an leac. Bhí doras breá ag dul isteach ann, ach chuaigh sé isteach. Bhí an bord istigh. Do bhí an rásúr ann, agus an ghallúnach, agus an tubháille. Bhí an cat ann. Theasáin sé an scian don gcat. Níor chuir an cat cor do. Dhún sé ina dhiaidh aríst é, is thug sé leis an rásúr, agus an ghallúnach, agus an tubháille, agus d'imigh sé chun farraige sara fada, agus nuair a chuaigh sé go dtí an gcuan, chuaigh teachtaire isteach go dtí an rí go raibh sé ag teacht.

“Go deimhin féin mhuisse,” arsa an rí, “is é sin an síol nár súileach agamsa go dtiocfadh sé go deó aríst.”

Ach do chuaigh sé isteach. Do chuir an rí céad fáilthe roimis, agus do fuair sé uisce.

1 “Baile in aice Lios Póil, sé mhíle soir ón nDaingean” – SÓD.

“An mbearraidh tú anois mé?” arsa é sin.

Do bhearraigh sé é. Is dócha gur deimheas a fuair sé an chéad uair chuige. Do bhearraigh sé leis an rásúr ansan é. Thug sé iarracht mhaith airgid ansan do.

“Tá an-áis déanta agat,” arsa é sin, “ach bí ag cuir díot go tiubh te anois,” arsa é sin. “Ná dein aon mhoill mar beidh *rejoice* mór á dhéanamh domhsa,” arsa é sin, “agus dá bhfaighfaí greim ortsa, ón áit gurb as tú, dhéanfaí ceirteacha dhíot,” arsa é sin. “Ní fhéadfainnse tú a chosaint, ach go deimhin, táim ana-bhaoch díot,” arsa é sin.

Beoir na Lochlanach

Nuair a bhí na Locharnaigh ar fad curtha chun báis anso in Éirinn, do bhí an t-athair, agus an mac fós.

“Gheobhaidh tú do phas anois tú féin agus do mhac,” arsa iad san, “ach cuntas a thabhairt dúinn conas a dheineann sibh an bheoir don bhfraoch.”

“Gheobhaidh sibh cuntas bhuamsa,” arsa an t-athair, “ach maraídh mo mhac.”

Do mharaíodar an mac.

“Maraídh mise anois,” arsa é sin.

Bhí an t-eagla air, á marófaí é fhéin, is go mairfeadh an mac, go mbreabfaidís an mac is go bhfaighidís cuntas air. D'fhág sé dall iad. Chuala:

I mbarra an fhraoigh a bhíonn an bheoir,

agus i mbun an aitéinn a bhíonn an t-ór¹.

Úir óir – aiteann²,

úir airgead – luachair³,

¹ Bhí an méid seo in §409 | CBÉ, 1070: 153-184 leis aige. c.f. ‘Danish Heather Beer’, .i., 2412E in TIF.

² “D’úsáidít ‘rútaí aitéinn’ mar chamáin i gCorca Dhuibhne fadó” (Uí Chonchubhair, 1995: 115)

³ “Flúirseach i móinéir fhliucha” atá an “luibh ard” seo gur phlanda tís fadó a bhí ann. “Mhilsítí deoch leis na bláthanna, agus dheintí ionla cnis astu in uisce báistí nó drúchta. Chroití iad ar urláir chun boladh breá a scaipeadh – cé gur creid daoine eile go dtarraingeodh an boladh trom shuan [sic] buan ar dhaoine agus mar sin go leanódh drochrath é a thabhairt isteach sa tig... Dheintí tae as na bláthanna chun na fola a ghlanadh... nó aon scaoilteacht míchuí [sic] a

cúir ghorta – an fraoch¹,
mar bíonn sí go léir ruaghlas.

thiormú agus chun goin, creacht, agus othras a ní” (ibid: 101).

¹ “Is ag stoitheadh fraoigh a bhí Tomás Ó Guithín, mac Pheig Sayers, nuair a thit sé le faill san Oileán agus maraíodh é” (ibid: 162).

411. *Traidisiún stairiúil*¹

[?].7.46

CBÉ, 980: 963-968

Ar chualaís aon trácht ar an deachú?

Chuala trácht ar an ndeachú. Chaithidís an seachtú punann is dóigh liom a thabhairt bhuathu. Thagadh stróinséirí, agus chuiridís comhartha ar an méid sin, agus ar an seachtú iomaire prátaí, agus is iad na stróinséirí is dócha a thugadh leo iad. Is mó éagóir a bhí á dhéanamh fadó ar ainniseoirí a bhíodh á marú fhéin. Á mbeadh fear ann, agus gort á chur aige, agus go mbrisfeadh sé a chroí leis á bhriseadh agus á riarú, go n-imeodh duine eile agus gé a b[h]reith 'dtí an ndrive-éir, bhí an fear san curtha as an ngort san, agus seana-ghort eile fachta aige. Bheadh páirceanna cnoic briste mara mbeadh an obair sin. Gheobhadh duine díomhaoin iad tréis é a bheith déanta. Thit sé amach ar an mbaile seo fhéin fé Lord Ventry, agus iad san thiar go nglaonn siad na *Boggies* orthu – *Sullivans in Imleá*. I dtalamh na McDonnells a bhíodar san, agus cuireadh amach insa tsliabh iad chun an talamh maith a thabhairt do McDonnell, agus ligeant dóibh sin dul ag briseadh an tsléibhe.

Agus ar chualaís riamh trácht ar na creachadóirí? Bhailidís leo gach a bhféadfaidís do stoc.

‘Chuimhin le m’athair seandúine a bhí ar an mbaile a chonaic na creachadóirí.

“Á, Dí na Dé,” a deireadh sé, “fiú éadach na leanbh, dh’ardaídis leo é.”

An raibh an Land Léig ar siúl anso in aon chor?

Do bhí. Lá Domhnaigh thuaidh i dtig Mhoran, taobh leis an sáipéal, do tháinig Seán an Choma². Sullivan ab ea é. Bhí sé mar cheann uirthi, agus bhailimh sé isteach go tig Mhoran na feirmeoirí ar fad tréis an Aifrin, agus dúirt sé go gcaithfeadh na haon fhear tí seasamh, ná déanfadh éinne dhá gclainn a gcúram. Ghaibh sé siar chun Gallrois ag dul abhaile leo. Bhí Moriarty Ghallois ag faire air, agus thug sé isteach leis é, agus breabadh é. Dé Domhnaigh a bhí chughainn, do sheasaimh sé ag glaoch ar na hainmneacha, agus do ghlaigh sé ar ainm John Moriarty in ionad glaoch ar ainm a

¹ ‘Historical tradition’ atá mar theideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn – faoi anáil, gan dabht, an fhrása chéanna a fhaightear mar theideal do chaibideal a haon déag in *A Handbook of Irish Folklore* (Ó Súilleabháin, 1942: 520-547).

² ‘Cam Ga’ a deir SÓD atá i gceist.

athar. Ach le linn é a ghlaoch ar John Moriarty, do labhair m'athair leis.

“A Sheáin,” arsa é sin, “ní[l] aon oidhre ort, ach gadhar fiaigh. Nuair a thagann na gadhair fiaigh ar na cnoic, aithním orthu an giorria nú mada rua a bhíonn acu ar an sceamhaíl a bhíonn orthu. Balath an mada ruaidh a bhí Dé Domhnaigh agat,” arsa¹ m'athair leis, agus tánn tú tugaithe anuas inniubh go dtí balath giorria. Ná geobhadh mac na héinne,” arsa é sin, “seasamh comh maith le mac Mhoriarty.”

Do liúigh na héinne a bhí ann, is níor fhan aon fhocal aige. Bhailimh se leis an bóthar siar, is d'imigh sé abhaile. Ní raibh na cinn a bhí ar an léig rómhaith. Micil Doody a bhí i n*Greenmount* sa Daingean. *Landgrabber* ab ea é, agus bhí *boycotting* déanta air. Thóg sé talamh fir i Sráid na nGabhar, agus bhí oiread gráine aige sin orthu ná hólfadh sé gal tobac ar eagla go ndéanfadh sé aon neartú. Chuaigh cuid dos na cinn a bhí ar an léig leis ag tógaint adharta brice dho Doody. Ní chuimhním anois ar an ainm a bhí ar fhear Shráid na nGabhar.

Fé mar a deireadh fear a bhí ar an mbaile seo fadó, “gach re bliain a bhíonn an míol buí baineann.” Dream a bhí ar an mbaile seo, bhí briseadh talún, agus chuadar i bpáirc a bhí ana-chruaidh ar fad, agus dúradar leis an bhfear so go n-éireoidís aisti.

“Á,” arsa é sin, “gach re bliain a bhíonn an míol buí baineann.”

Cén rud an míol buí?

N'fheadar cén rud é, ach sin é mar a dúirt sé.

¹ l.s. ‘airse’

412. *Bhí triúr agus cúigear ann ón scairt*

18.3.45

CBÉ, 968: 217-218

Aimsir na gcreachadóirí fadó, do gluaisíodh camtha daoine anuas ó Uachtar na hÉireann anso anuas, agus do bhailídís leo stoc ó dhaoine. Ach do bhí baintreach ann, agus do bhí meitheal aici ag obair. Bhíodar tagaithe isteach chun bídh lá, agus nuair a bhíodar ag ithe an bhídh, do tháinig teachtaire isteach a dúirt léi go raibh a cuid stoic bailithe an bóthar ages na creachadóirí.

“Á,” arsa í sin, “ba mhaith iad na fir go dtí aimsir caite cuid.”

Ní ag maíomh an bhídh a bhí sí in aon chor orthu, ach ag tagairt dá mbeidís amuigh, go mb’fhéidir ná ligfidís an stoc leo. Do ghoin sí na fearaibh, agus níor dh’itheadar greim eile. Phreabadar ón mbord, agus do chuireadar dóibh i ndiaidh na gcreachadóirí. Do thánadar suas leo, agus do thugadar an stoc leo aríst.

“Bhí triúr ann agus cúigear ón Scairt,
fear agus seacht ó B[h]ord Eoghain Fhionn¹,
ansúd a dh’imríodar an cluiche² ceart,
ar an Inse Glas ar Bhruach na Loing.”

Do bhuadar ar na creachadóirí, is thugadar an stoc leo aríst ’dtí an mbaintrigh.

¹ l.s. ‘ónúin’. c.f. leagan a bailíodh ó Shiobhán Ní Sheaghda ó Eirín i bParóiste Chill Chascáin i nDeisceart Chiarraí (CBÉ, 461: 278), ach ba chuntas eile ar fad a thug Siobhán ar chumadh an dáin seo: “Taobh amuigh de [Neidín], tá baile fearainn, agus cuirtear “Baile Uí Ghrifin” mar ainm air. Bhí fear darbh ainm Wilde ina chónaí ann. Duine uasal ab ea é, agus bhíodh sé ag foghlacaireacht go minic. Bhí sé mar chléireach in oifig an Tiarna Lansdowne, agus lá an chatha, bhí sé i mBunán ag fiach... Nuair a chuaigh sé abhaile, bhí an oíche ann, agus do gheall sé dá chailín aimsire roinnt airgid dá dtéadh sí go dtí an teampall, agus an maide nú gunna do thabhairt abhaile chuige. Is ar éigin a bhí na focail as a bhéal aige, nuair amach an doras léi. Nuair [a] shrois sí Drom an Easaigh, chonaic sí an dúnmharú, agus na daoine sínte marbh ar leataoibh an bhóthair. Bhí aon fhear amháin, mar a dúras, ina bheathaidh, ach ag fáil bháis leis an dtart. D’iarr sé uirthi deoch ón abhainn a thabhairt do, ach ní raibh sé ina cumas é do dhéanamh mar ná raibh aon ártach aici. Dúirt an fear a bhróg a bhaint di, agus braon uisce a thabhairt ón abhainn inti. Dhein sí amhlaidh, ach nuair [a] tháinig sí thar’n ais, ní raibh sé ina chumas é do leogaint siar, agus i roinnt ama eile, d’éag sé. Táid go léir curtha insan bpáirc inar throideadar. Is é seo an dán do cumadh mar gheall orthu:

“Triúr agus cúigear ón Scairt,
fear agus seacht ó Bhord Eoghain Fhinn,
do dheineadar an comhrac ceart,
in Inse Ghaorthaidh an Chais,
ar bhruach an tSimhin.”

² l.s. ‘clutha’

413. *An Drochshaol I*

7.1.45

CBÉ, 967: 211-212

Sa Drochshaol fadó, do chloisinn m'athair á rá, beannacht Dé léna anam, gur mó duine a bhí curtha insa roilig seo in aice linn gan aon chomhra. Do chonaic sé fear ó Leataoibh ag teacht lá, agus mac do thiar ar a dhrom aige marbh. Do chuir sé isteach 'on roilig é. Bhí fear ar an mbaile go raibh ábhairín beag páidh do as iad a chur. Ní mór an cur a thugadh sé orthu. D'imigh sé, agus do tháinig sé lé mac eile dho, agus tréis é sin a chuir isteach 'on roilig, thit sé fhéin. Bhí fear ar an mbaile a thug isteach leis é, agus do thug sé greim bídh do. Mara mbeadh san, d'fhanfadh sé fhéin ina dteannta.

Do bhí garraí clóbhair age m'athair in aice leis an roilig, agus do bhí sé ag fás as chionn an chlaí. Ní raghadh éinne ag gearradh aon tsop do mar do bhuailfeadh ceann duine leat nó lámh duine tairrigthe ages na gadhair. B'olc an saol é sin. Thagaidís aneas ós na Gleannta, agus do ghaibhidís an tslí ar an dtráigh ag baint bhairnigh, agus ag teacht abhaile dhóibh ar phort na Muirí. Is mó duine acu a thit, agus do dh'fhan ansan, agus bailítí gráinne gainimhe anuas orthu. Tá a gcnámha le feiscint fós ann.

414. *An Drochshaol II*

[?].5.45

CBÉ, 1070: 153-184

Chloisinn m’athair á rá ná raibh aon chuimhneamh acu roimis an Drochshaol, ach ar dhá bhéile prátaí, agus iad spártha acu, agus iasc mar anlann agus bainne géar. Nuair a thagadh an t-earrach ansan, bhíodh min choirce acu. Bhuailidís féin naoi nú deich do phunannacha, oiread is dhéanfadh císte, agus dheinidís an gráinne a mheilt le bróinte, agus dheinidís císte mine coirce, agus is amhla a chuirdís an císte ina sheasamh leis an dtine ar chrann aráin a bhíodh déanta d’adhmaid. Deireadh m’athair gurb é an t-arán é a bhreátha a dh’ith éinne riamh é, arán mine coirce. Ní hé gach éinne go mbíodh aon chuirneacht aige an uair sin. Bhí fear ar an mbaile seo, agus is é a deireadh sé nuair a bhíodh an táilliúir ag tógaint an toise:

“Tá an tEarrach ann,
agus beidh an phairseach chughainn,
dein mo chóta fairsing,
dein mo chóta fairsing.”

Bhí pairseach is feoil acu san earrach. Diarmuid Ó Bric a bhí thíos insa Leitriúch insa Drochshaol, tháinig sé le cíos ’dtí Lord Ventry.

“Cá bhfuairis é?” arsa Lord Ventry leis.

“Dheineas é,” ar seisean, “le scríbh na hingne.”

Tháinig dhá shúil do Lord Ventry, agus b’éigean do Dhiarmuid an scéal a léiriú dho. Bhí muicín aige, agus is é an rud a bhíodh aige á thabhairt di croiceann na bprátaí, an méid a scamhadh sé dos na prátaí le hingne. Bhí cheithre tithe fichead ar an mbaile seo roimis an Drochshaol. Chonaic m’athair hocht fíodóirí déag ar an mbaile. B’fhéi’ go raibh ceathrar acu in aon tig amháin, agus bhí ceathrar veidhleadóirí ar an mbaile, agus beirt sagart. Bhí a ndóthain acu, agus cuid acu go raibh pingíní airgid acu. Bhíodh na prátaí acu, agus mharaídís muc nú beithíoch, agus bhíodh a gcuid feola féin acu.

Bhíodh airgead á thabhairt age daoine ar ioncaim roimis an nDrochshaol. Bhí bean i dtaobh éigin anso timpeall an uair sin, agus thabharfadh sí cúpla punt d'éinne go dteastódh sé bhuaidh, ach chaithfeadh sí ioncam a dh'fháil as an airgead ansan. N'fheadar cé méid ioncaim a bhaineadh sí amach. Ach bhí mac driothár ann di, agus ní thabharfadh sé éinní do mhac a driothár, agus é dealbh. Ach nuair a cailleadh í, chuaigh sé go tig an choirp. Bhí sí in airde ar an mbord, agus sheasaimh sé as a cionn ag féachaint uirthi.

“Muise, mo ghrá is mo rúin tú,” arsa é sin,

“agus níor leighis na puint tú,

nuair a tháinig an ghairm chun siúil ort.”

Tánn tú imithe is nár dh'fhillir¹.

Is dócha go mbíodh cáirde le fáil sna siopaithe, ach ní mór na siopaithe a bhí ann san am san, agus na clathacha san ar na cnoic suas, chaithidís dul á dtógaint sin don *landlord* gan aon phingin páidh. Bhí seanuncail domhsa ar an mbaile seo, Tadhg Ó Sé, agus do bheireadh sé na prátaí beirithe ar an gcnoc chúthu. Bhíodh cuid seisir nú seachtair aige ar a dhrom, bhíodh sé ag siúl leis go dtéadh sé as chionn an bhaile bhig, agus b'ainnis an dorn prátaí iad an uair sin. Bhí radharc daoine ins gach aon bhaile an uair sin. Bhíodar ar an gClochán Dubh agus i nGallros. Roimis an nDrochshaol a tháinig an calar.

Tháinig iomard éigin ar na prátaí gur dhubhadar. Dhubhadar istigh sa tithe, agus bhíodar á dtarrac amach sna goirt. Féach an bhfanfaidís folláin, ach níor fhanadar folláin age éinne ar an mbaile seo, ach age m'athair críonna. Chuir sé i gclocháin chloch iad. Bhíos ag eachtraí cheana dhuit air². Is dócha gur dhubhadar ar fuaid na dúthaí ar fad. Bhíodh an bhleait ag teacht orthu gach aon bhliain ansan. Domhnach cáscsa sa Drochshaol, bhí m'athair ag ithe na n-ubh. Ní raibh sé ach suite 'dtí an

¹ Mar mhíniú, is dócha, a dúirt an Criomhthanach an méid seo.

² “Féach an chéad leathanach sa leabhar so,” a mheabhraíonn SÓD i bhfo-nóta. Do CBÉ, 1070: 5, ‘Conas mar a theip na prátaí’ atá an scríobhaí ag tagairt, lámhscríbhinn a breacadh ar an 28.4.1945. Ní mór a bhí ann áfach, agus ní miste an méid sin ar fad a sholáthar anseo: “Nuair a dhuibh na prátaí anso fadó, lobhadar. Bhíodar istigh age daoine. Chaitheadar a bheith á dtarrac amach aríst le fhios go bhfanfaidís folláin, ach níor fhanadar. Bhí páircín i mbán cnoic age m'athair críonna curtha, agus bhí liochtáin cloch ann. Chuir se liochtán cloch timpeall ar gach aon chnocán acu. Níor loibh aon cheann amháin acu. Níor choinnibh éinne an síol timpeall ach é.”

mbord nuair a tháinig duine bocht 'dtí an ndoras ag lorg. Shín sé ubh chuige. Ní raibh sé ach imithe nuair a tháinig fear eile. Shín sé ubh eile, agus shín sé ubh chuige. Bhíodar ag teacht nú go raibh na haon ubh tabhartha dhóibh aige.

“Níl aon chiall agat,” arsa a mháthair leis.

“Tá ciall mo dhóthain agam,” arsa é sin, “mar tá mo dhóthain le n-ithe agam ina n-ionnais, is ní mar sin dos na créatúirithe sin.”

Bhí prátaí aige is bhí arán aige. Ghaibh fear siúil isteach lá eile a dúirt sé, agus bhí croiceann caorach idir an fráma sa falla ag coinneáilt na gaoithe amach¹. B'fhéi' go raibh sé le trí bliana ann. Ní bhíodh aol ná *cement* an uair sin ann. Do thóg sé amach é, agus do chuir sé ag róstadh sa tine é, agus d'ith é. Ghaibh fear siúil lá eile chuige, agus bhí dorn mine bailithe aige. Timpeall is leathchloch mine, is do loirg sé scilléad. Fuair sé scilléad mór, is do dhein sé leite don méid mine a bhí aige. Do luigh sé chúichi. Is dócha go raibh sé trí lá gan aon ní a bhlaiseadh, ach níor chríochnaigh sé é. An méid a dh'fhan spártha, bhí sé á tabhairt do mhuintir an tí. Dúrtas leis a chuir i gcimeád 'dtí amáireach do féin. Sara dtáinig an lá amáireach, bhí sé caillthe. Is dócha gur [ar] dtaobh thíos do chlaí² a cuireadh é.

Cailleadh capall i gCnoc an Chlocháin Duibh, agus má cailleadh, itheadh a chuid feola, agus do ghaibh fear trasna lá ag lorg caorach. Chonaic sé fear istigh i gcreatlach an chapaill, agus scian aige, agus é ag snoí anuas dos na heasnaíocha, agus é á dh'ithe. Ní rabhadar geal dá chéile. Ní labhair sé aon fhocal, ach do thairrig sé stiall ar na heasnaíocha leis an maide a bhí ina dhorn go gcuirfeadh sé in úil do go bhfeaca sé é, agus go mbeadh sé le casadh aige leis ina dhia' san.

Máthair céile Davis a bhí ag múineadh sa scoil a bhí ar an mbaile seo ages na súpanna. Bhí sí ag eachtraí ar bhuachaill a bhí in Ard Fhearta. Dúirt sí go raibh fios aige. Má tá, bítaí ag magadh fé. Deintaí amach gurb as a mheabhair a bhí sé, ach tugadh sí féin aire mhaith dho, mar chíodh sí a lán dá ndeireadh sé ag titeam amach, ach dúirt sé ná fágfadh bleaist Éire go mbainfeadh fuil as é. Níor

¹ An méid scanrúil seo luaite in §416 | CBÉ, 1201: 97-119 chomh maith.

² “sa roilig” mar leid mhínithe ag SÓD.

fhág an bhleais Éire fós. Níor chuala gur cailleadh éinne ar an mbaile seo sa Drochshaol leis an ocras, ach d'iompaigh cuid acu. Chuaigh cuid acu ag ithe na leitean, ach a lán eile acu nár chuaigh a fuair bás, ach ní ar an mbaile seo é. Cailleadh thiar i Leataoibh beirt do bhuachaillí breátha. Thug a n-athair duine acu ar a dhrom anso thíos¹. Bhí fear ar an mbaile seo go raibh beagán éigin páidh do as iad a chur. Tháinig sé leis an gcorp ar a dhrom, agus nuair a tháinig sé isteach 'on roilig, thit sé féin. Connor a bhí anso thíos as chionn an chorcáin². Thug sé isteach é, agus thug sé blúire éigin bídh do. Mara mbeadh san, dh'fhanfadh sé i dteannta a chlainne a bhí marbh.

Ansan thíos in aice leis an roilig, tá garraí beaga, tá sé scaoilthe leis an roilig sin. Insa Drochshaol, chífá clóbhar dearg as so do dhroim an chlaí ann, agus ní raghadh aon duine á bhaint mar do bhuailfeadh lámh duine nú cos duine nú ceann duine leo ann a bhí tairrigithe ages na gadhair as an roilig. Ní bhíodh aon chomhra orthu nú bairlín, agus an fear so a bhíodh á gcur, ní mór an folcadh³ a chuireadh sé orthu. Bhí a rian air, ní thaithníodh sé leis siúd⁴ nuair a chíodh sé cleaspaí á cuir ar chomhracha. Is mú áit a fuarthas daoine cailte ar thaobh an bhóthair, ach níl aon áireamh agam ar aon áit acu. Is mú duine a cuireadh insa láthair sin go bhfuil Tig Ghromail ar an Muirígh. Fuarthas na cnámha ann.

Chuala trácht thar fhear a bhí i gContae Chorcaí, agus ní raibh gráinne mine le fáilt i gCorcaigh aige. Tháinig sé go Luimneach, is ní raibh aon ghráinne lé fáilt i Luimneach. Tháinig sé go Trá Lí, agus bhí mac do in aonacht leis, agus capall, agus cairt aige. Ní raibh aon ghráinne lé fáilt i nDún Chaoin aige. Stiúraíodh é ar muileann a bhí i mbun abha, tá sé soir i dtaobh éigin, agus dúrthas leis go ngeobhadh sé min ansan, ach do tháinig sé go bun abha, agus do fuair sé min go flúirseach ann. Ach nuair a bhí sé ag caint leis na cléirigh, is é an áit a bhí an mac, ag bailiú an bhraín agus á chur ina phóca. Bhí na cléirigh ag féachaint air.

“Ná deinidh aon iontas do,” arsa an t-athair, “inniubh an tríd lá aige gan éinní ní a dh'ithe,

¹ “On roilig” mar nóta mínithe ag SÓD.

² Nath cainte é seo a thagraíonn do bheith “ag riaradh na leitean,” mar a mhínigh fo-nóta le SÓD a húsáid.

³ I.s. ‘folcadh’

⁴ “le m’athair” scríofa mar nóta mínithe ag SÓD.

agus tá eagla air go n-imeofar folamh aríst. Níor ghá dhomhsa imeacht folamh.” ar seisean,
“má dhéanfaidh airgead an gnó.”

Do rug sé ualach trom leis comh maith is ab fhéidir lena chapall a bhreith leis. Aneas¹ ós na Gleannta formhór na ndaoine a cailleadh ar Dhuí na Muirí sa Drochshaol. Bhídís ag teacht ’on dtráigh, fhéach an bhfaighidís éinní sa tráigh.

Ón nDrochshaol anuas, bhí daoine ann a ligfeadh chun báis iad féin níosa thúisce ná a dhíolfaidís aon ainmhí, le cruinneas. Bhí tig ar an mbaile seo, agus níl aon lá ná tagtí ag lorg ar mo mháthair chríonna, agus a chlann ag oibriú anso thuas lá, agus do ghaibh an fear chúthu suas, agus muga aige, agus nuair a chuaigh sé ina bhfianaise.

“I gcuntais Dé, a Pheaid Criomhthain,” ar seisean, “trom an lán san mine.”

“Canathaobh nár chuais isteach?” arsa m’athair críonna, ar seisean.

“Bhí mo mháthair istigh cheana,” ar seisean, “is ní gheobhadh sí é.”

“Tá an-iontas orm,” arsa an fear eile.

Ach do tháinig sé anuas ina theannta, agus d’fhiarthaigh sé dhi:

“An dtáinig a mháthair seo ag triall ar aon mhin ort?” ar seisean.

“Do tháinig,” arsa í sin.

“Is canathaobh nár thugais di é?” arsa m’athair críonna.

“Tá sé fachta trí huair le seachtain roimis seo aici,” arsa í sin, “agus nuair a tháinig sí inniubh, dúrt léi canathaobh ná díolann sibh ainmhí, agus min a cheannach.”

Bhí an mhin le fáilt.

“Is é an freagra a fuaireas,” arsa í sin, “nár bheire sé orainn go ndíolfaimíst aon ainmhí dár mbolg.”

“Díolfaimídne dár mbolg iad mhuisse,” arsa mo mháthair chríonna, “agus is orainn atá an t-áthas iad a bheith againn le díol, agus díolfaimíd iad go dtí an ceann deireanach, ach ní i gcomhair gráinne mine istigh sa tig ar feadh do shaoil aríst.”

¹ l.s. ‘aineas’

Do líon m'athair críonna an muga don mac, is do thug sé dho é, is ba é an trua é a thabhairt dá leithéidí. Is minic a deireadh sé siúd¹ ná feadair éinne cad é an scéal ag an Drochshaol é, ach an té a bhí i mbaile teampaill ar a chuma féin. Chloisinn é siúd ag cuir síos go bhfeaca sé beithíoch deas tagaithe aniar ó Leataoibh, agus é fachta age fear an *bhoiler* ar chloch mine. D'fhiarthaigh m'athair do:

“Canathaobh ná maraíonn tú í, is í a dh'ithe?”

“Mharaíomair ceann eile acu,” arsa é sin, “is 'dhóbair go maródh sí sinn á hithe, is gan éinní léi.”

Do bhí fear ag tógaint na gclathacha san ar na cnoic. Bhí sé dhá lá gan aon ghreim a dh'ithe. Bhí sé pósta, agus aon leanbh amháin a bhí ann. An tríú lá, bhí sé ag imeacht:

“Is ea,” arsa é sin lena m[h]naoi, “bíodh an leanbh marbh agat tráthnóna go mbeidh sé agam le n-ithe.”

Is dócha gurb as a m[h]eabhair a bhí sé leis an ocras. D'imigh sé, agus do thosnaigh an bhean ag gol is ag béicigh. D'fhéach sí ar an leanbh, agus do bhí an leanbh ag gáirí léi, agus ní bhfaigheadh sí óna croí é a mharú, agus is mú ná san a ghoil sí. Siar tréis lár an lae, do bhuail fear isteach chúichi, agus mála aige. Bheannaigh sé nuair a tháinig sé isteach.

“Gadé an gol athá ort, a bhean mhaith?” arsa é sin.

D'eachtraigh sí dho. D'oscail sé an mála, agus do thóg sé amach bollóigín aisti.

“Seo,” arsa é sin, “féadfaidh sé cuid di sin a dh'ithe nuair a thiocfaidh sé, agus ná mairbh an leanbh. Is ea,” arsa é sin nuair a bhí sé ag imeacht, “b'fhéidir nách fada go mbeadh deireadh leis na hoibreacha so.”

Dúirt sé léi cuid di sin a dh'ithe í féin.

¹ “Athair Sheáin Criomhthain” a deir nóta le SÓD.

“Ith blúire dhi sin,” arsa é sin.

“Ní dhéanfad,” arsa í sin, “is é is beag liom do féinig í. Ní mór an trua mise.”

D’imigh sé bhuaithi, agus nuair a tháinig a fear abhaile, bhí an bhollóigín aici le tabhairt do. Thug sí dho í.

“Cá bhfuairis?” arsa é sin.

D’eachtraigh sí dho.

“Tair i leith,” arsa é sin, “agus ith cuid do.”

Bhí sé á hithe, agus fé mar a bhí sé á hithe, is amhla a bhí sí ag méadú. D’ith beirt acu a ndóthain di, is ní raibh aon luíodú uirthi ná lár arna mháireach. Rug an bhollóigín go dtí cabhair Dé iad. Níorbh éinne saolta a bhí ansan.

Sa Drochshaol a tháinig na Gromails go Cathair Scoilbín. Stróinséirí ab ea iad a tháinig i bhfad ó bhaile. N’fheadar ná gur shaighdiúir an té a tháinig ar dtúis. Bhí fear ón áit seo sa Drochshaol is dócha, agus bhí sé le cuir amach amáireach. Chuaigh sé ’on Daingean, agus ní raibh ina phóca ach aon scilling amháin. Cheannaigh sé blúire tobac.

“Is ea,” arsa é sin, “nuair a chuirfear amach amáireach mé, beidh gal agam ach go háirithe.”

Bhí iasc úr á dhíol ar an sráid. Cheannaigh sé breac le tabhairt abhaile ’dtína pháistí. Chuaigh sé fén sráid ansan. Bhí driotháir do i Meoraiceá le sé nú seacht do bhliana. Bhuail duine éigin leis, agus dúirt sé leis go raibh leitir sa Phost Office do. Chuaigh sé go dtí an bPost Office, is do bhí an leitir ann. Dúirt sé le fear an Phost Office í a dh’oscailt. Do bhí chúig phuint inti. Chinnibh sé an leitir agus an t-airgead, agus bhuail sé isteach ’dtí oifig an chíosa, agus d’eachtraigh sé d’fhear an chíosa conas mar a bhí, go raibh driotháir do i Meoraiceá leis an áirithe seo aimsire, agus go bhfuair sé leitir bhuidh, agus go raibh chúig phuint inti.

“Is ea,” arsa an Captaen¹ leis, “níl aon dul go ngeobhair amach go deo, is an seans atá tagaithe ort.”

¹ “Captaen Mullins” a chuireann fo-nóta ó SÓD in iúl dúinn.

Do bhuail sé chuige a bhreac, agus do tháinig sé abhaile, agus do bhí a bhean agus a chlann ina gcodladh ar fuaid an tinteáin. Do bhain sé as an mbreac, agus do bheirbh sé é. N’fheadarsa an blúire aráin nú dorn prátaí a bhí ann, ach nuair a bhí an breac beirithe, dhúisigh sé iad, agus d’itheadar béile maith i dteannta a chéile. Sin é an lá ba deilbhí¹ a bhí aige faid is mhair sé ná éinne a tháinig ina dhiaidh ó shin. Dá mbeadh paiste achrannach talún agamsa aimsir an Drochshaoil, agus roimis, agus go mbeadh sé réitithe agam, raghfaí ’dtí an ndriveéir, agus déarfaí leis é, agus cuirfaí amach mise, agus tabharfaí drochphaiste eile dhom.

Chuaigh cuid acu go Meoraice sa Drochshaol, agus deiridís go raibh mórán *families* ann nár chuaigh chun cinn riamh. Deiridís gurb amhla a cuirtí isteach sna hoileáin f[h]iaine iad, agus go n-itheadh na hainmhithe fiaine iad. Ní dócha go raibh aon choirce ná cuirneacht le fáil le ceannach sa Drochshaol, ach bhí minbhuí le fáil ar trí scillinge, agus ar trí is raol an chloch. Bhíodh an phairseach bhuí á bhaint, agus á bheiriú, agus á dh’ithe sa Drochshaol, agus neantóg agus na caisreabháin, agus bhíodh clúimhín, agus cnuasach, agus bairnigh, agus miongáin, agus sceana mara á thabhairt ón dtráigh acu. Bhíodh mórán gadaíocht ar siúl sa Drochshaol. Caíora agus gabhair á goid go tiubh.

Oibreacha

Tógadh clathacha timpeall ar an roilig seo thíos sa Drochshaol. Davis a bhí anso thíos mar mháistir scoile, bhí géanna agus lachain aige, agus thugadh sé bia dhóibh istigh sa roilig. Ach bhí seana-chorcán istigh sa roilig, agus bhí an seana-chorcán á úsáid ag Davis. Tháinig fear a bhí ar an mbaile, agus duirt sé leis nárbh aon áit do an áit sin chun a bheith ag tabhairt bídhd dá chuid éanlaithe. Seo ar a chéile an bheirt, agus greadadh acu. Chuala m’athair iad:

“Is mór an greadadh agaibh é,” a dúirt sé, “ar chorpaibh daoine,
géanna agus lachain ag screadaigh is ag bruíon ann,

¹ l.s. ‘deilí’

áit ná feacaigh dá mairfeadh úr sinsear,

géanna ná lachain á chuir chun bídh ann.”

Goideadh pocán gabhair ó Pheaidí Liam a bhí ar an mbaile seo. Tréis an Drochshaoil ab ea é is dócha. Connor ab ea é. Bhí Peaidí bodhar, ach bhí amhras aige ar na daoine a ghoid an gabhar.

“A dhaoine úd cois taoibh na habhann,” ar seisean,

“ós úr gcroí atá an daonacht,

á bhfaigheadh sibh tuairisc an ghabhair, go raibh clocha ina ghabhal,

do chloisfeadh fir bhodhra úr mbaochas.”

Nách deas mar a chuir sé é¹.

Deineadh bóithre an uair sin leis. Deineadh an bóthar ón mbaile seo go dtí Cnoc an Bhróigín². Bhíodar ag obair ann ar dhá thistiún ins ló, ó dhubh dubh. *Souper* a bhí ar an mbaile seo a bhí mar cheann orthu. Bhí *stations* lá ar an mbaile seo, agus chuaigh m’athair ar na *stations*. Bhí na hainmneacha á [n]glaoch díreach nuair a chuaigh sé ar an obair. Fiarthaíodh do cá raibh sé. Dúirt sé go raibh sé ar na *stations*. Cuireadh ceathrú lae air, agus cuireadh ceathrú lae nach aon lá go ceann seachtaine. Nuair a bhí an claí á chuir ar an dteampall anso, bhíodh an saoiiste ag díol na bhfear tráthnóna, agus bhíodh a bhean in aonacht leis. Ba m[h]ór an spórt í aon lá go mbeadh aon ‘ceathrúna’ aige á chuir thairis, ach an lá ná beadh, ní bhearrfadh punt galúnaí í. An té go gcuirfaí ‘ceathrú lae’ air, ciorrófaí dhá phingin é, mar dhá thistiún a bhí dhóibh, agus bheadh an dá phingin sin ag an mboss féin. Sin é an taobh go mbíodh sé d’iarraidh ‘ceathrú’ a chuir ar na daoine. Bhí baintreach bhocht mar a bhfuil tig Phaul³ roimis an nDrochshaol. N’fheadar nách i Ráth Fhionáin a bhí na sagairt an uair sin, ach bhí driotháir di ina shagart, agus níor fhéach sé riamh uirthi, ach nuair a bhíodh sé ag gabháilt thairis an mbotháinín tí go raibh sí, bhuaileadh sé an capall, agus gadé tiomáint a bhíodh aige ag cuir do. Do bhí sí amuigh ar an mbóthar lá nuair a ghaibh sé an tslí:

¹ Tá an rann seo le fáil leis in §334 | CBÉ, 1035: 325-327.

² “An Bóthar Fada” a ghlaotar ar an mbóthar seo sa lá atá inniu ann.

³ “Seán Pól Ó Loingsigh ón Riasc i bParóiste Mhárthan” – SÓD.

“Ó Mháire, conas ’tánn tú?” arsa é sin.

“Táim go hatuirseach cráite,” arsa í sin,

“in imeall sléibhe bháite, ag beathú mo gharlach,

i gan fhios dom chairde.”

Leite

Bhíodh an leite á roinnt ar an mbaile seo, agus b’shin í an leite thanaí. D’imeodh sí don bpláta. Bhí tig mór fada ar an mbaile seo ar fhaid an gharraí sin thíos, agus do bhí an chistin agus an scoil ann. Bhí na plátaí sa scoil, plátaí stáin, agus *boiler* ag beiriú na leitean. Thagadh cuid acu i bhfad ó bhaile ag triall uirthi. Ní bhfaigheadh éinne í ach an té a dh’iompódh. Tógadh tig eile mar sin i bParóiste Múrach, ach níor chuaigh sé chun cinn riamh. Ní raibh aon leite riamh á dheanamh ann mar níor chónaigh aon tsúp riamh i bParóiste Chill Chuáin. Hutch¹ a chuaigh chun cónaithe sa tig ina dhia’ san ann. Lord Ventry a chuir ann é. Caitliocaí ab ea Hutchinson. Bhíodh an tig a bhí ar an mbaile seo lán gach aon lá ag teacht ag triall ar an leite. Dh’fhaigheadh cuid éigin acu balcaisí éadaigh. *Turncoats* a tugtí ar lucht na leitean a dh’ithe ar dtúis, ach Father Alpin a bhí sa Daingean, is é a ghlaigh *soupers* an chéad lá riamh orthu, agus tá *soupers* riamh ó shin orthu.

Father McCarthy a bhí anso aimsir an tsúip. Deireadh sé nách fada go mbeadh deireadh leo mar gur triúr seana-bhan a bhí á gcimeád suas. Miss Lamb, a deireadh sé, Miss Roderick, agus Siobhán Ní Mhathúna². Dúirt sé ná raibh aon teora lena chuid airgid, agus bhí sé déanta amach acu ná beadh aon bhreith dhamanta orthu ar a bheith ag iompú daoine. Maonus ‘ac Síthigh a bhí ar dtaobh thoir do Dhaingean a bhí á chuir amach sa Drochshaol age Thomson. Is é siúd a dúirt “Amen, a Thiarna” nuair a dúirt an sagart le Thomson “is minic a dh’imigh agus nár tháinig,” mar bhí Thomson imithe go Trá Lí chun a raibh ar an mbaile a chuir amach. Fuair an sagart a ghuí, agus is marbh a tháinig

¹ .i., ‘Hutchinson’ dar le nóta mínithe ó SÓD.

² “Bhí sparrán Shiobhán Ní Mhathúna ag dul i ndísc”, a dúirt Seán níos déanaí faoin meath a bhí ag teacht ar iarrachtaí ar Chaitlicigh Dhuibhneacha a iompú, (§419 | CBÉ, 1201: 195-210).

Thomson 'on Daingean¹. Bhí mac le Maonus caillte an lá so. Lá Domhnaigh ab ea é. Bhí mac eile leis tagaithe amach ina shagart, agus fuair sé tuairisc ar maidin Dé Domhnaigh go raibh an sagart caillte agus é ag dul go dtí an tAifreann. Tháinig sé go dtí an tAifreann an mhaidean san, agus do thóg sé comaoine. Is é an ainm a thugí as san amach air ‘The Second Job²’.

Aguisín leis an méid atá bailithe cheana

Bh dhá *bhoiler* ar an mbaile seo, ceann mór, agus ceann beag ag beiriú leitean³. B’fhuiriste seirbhísigh a dh’fháil chun í a bheiriú agus a riaradh mar “an té a bhíonn ag fuaradh na praisce, bíonn sé féin á blaiseadh.” Praiseach mhine bhuí a bhíodh ann. N’fheadar an mbíodh praiseach mhin eorna aon tamall ann.

Bhídís ag dul go Talamh an Éisc roimis an Drochshaol. Bhí Loingseach ar an gClochán Dubh. Athair críonna Mhaidhc an Loingsigh. Tá Maidhc an Loingsigh curtha le bliain, ní raibh sé ach aon bhliain déag, agus trí fichid. Fearín beag ab ea é, agus bhíodar san ártach, agus bhí ualach éigin a theastaigh ón gcaptaen a dh’aistriú.

“Is é náire dhíbh é,” arsa an captaen, “agus aon fhear amháin san ártach, dhéanfadh sé féinig é.”

Dúirt an bheirt ná raibh an fear san ártach a dh’fhéadfadh é a dhéanamh. Do bhí an Loingseach tamall bhuathu, agus níor chuala sé an chaint in aon chor ar siúl acu. Chuir sé punt leis an mbeirt go raibh fear san ártach a dh’aistreadh é. Ghlaoigh sé ar an Loingseach.

“Á ba é do thoil é sin a dh’aistriú,” arsa é sin.

Níor lig sé éinní air. Thóg an Loingseach an t-ualach, agus do dh’aistrigh sé é.

“Is ea,” arsa é sin leis an Loingseach, “an méid atá déanta inniubh agat, ná dein ar feadh do shaoil aríst é. Tá geall buaite agamsa dhuit, agus dá bhágfá máchail ort féin,” arsa é sin, “ní

¹ Tá insint eile ar an eachtra seo in CBÉ, 936: 385-387.

² .i., ‘Iób’.

³ Thóg Caoimhín Ó Danachair pictiúr den dá choire seo ar an 15 Lúnasa 1945, ach chuaigh díom go fóill teacht orthu, (CBÉ, 1045: 217).

bhainfeadh sé ithe an bhídh domhsa.”

Thug sé dho an geall. Bhídís ag iascach i dTalamh an Éisc. Mharaíodar mart timpeall na Samhan a dúirt an Loingseach, agus gan aon ghráinne salainn lá Bealtaine a dh’itheadar a dheireadh. ’Mhór an fuacht é. Bhíodh sé ag iascach tréis teacht abhaile ansan, agus bhí duine eile ón gClochán Dubh ag iascach. Ach do bhí seandúine ar an mbaile, agus do bhí sé amuigh maidean, agus ghaibh an t-iascaire eile thairis agus iasc aige, agus má bhí, ghaibh sé thairis, is ní bhfuair sé aon bhreac. Á ba é Muiris Ó Loinsigh a bheadh ann, ní gheobhadh sé thairis gan breac a thabhairt do. Saghas file ab ea an seandúine.

“Ár éirí ar maidin im shuí dhom,” arsa é sin,

“is mé ag amharc ar an maoilinn suas,

cé a casfaí orm sa tslí,

ach Marcas agus an líon fliuch fuar.

D’fhiosraíos féinig gan moill do,

cár fhág sé an faraire groí gan gruaim,

gurbh é siúd Muiris Ó Loingsigh,

do dh’fhaireadh an oíche fuar.

Shiúlaigh sé an fharraige cháitheach,

agus Talamh an Éisc a chuaigh.

Ar a theacht abhaile chuig tíorach,

do cheangail sé a líonta suas,

is do roinn sé ar na bailte¹ mórthimpeall,

gach ar bhailimh sé le mí sa chuan.

¹ I.s. ‘mbailte’, agus gan dabht, an t-urú anseo mar cheangal, b’fhéidir, leis an bhfocal ‘mórthimpeall’ a thagann ina dhiaidh.

Bhí bean Mhuiris Uí Loingsigh ansan. Siobhán Baker ab ea í sin, agus bhí bean eile ar an mbaile, agus chonaic sí thíos ar an sráid lá é, agus é titithe le deoch, is níor dhein sí aon fhóirithint air. Dhein Muiris amhrán¹.

“Is í Siobhán Baker an stáirbhean
agus guímse dá hál a bheith buan.
Ní hí an bhean atá age Dónall an Chárta,
go dtugaidís uirthi Máire Rua.

Chonaic sí thíos ar an sráid mé,
gan aon anam im láimh ná im chluais,
ach go deimhin déanfadsa í a cháineadh,
mara dtabharfadsa an lá úd suas.

An blúire beag atá scaoilte leis an dteampall, garraithe beaga ab ea é, agus bhí tithe ann fadó, bhí na fothracha ann titithe – “na sciobaíodh” a thugaidís orthu, agus na garraithe atá ann, na Poirte² a thugaidís orthu. Bhí sé mar seanfhocal. “Is i gclathacha an phoirt atá an t-airgead.” Ní bhfuarthas aon airgead riamh ann.

Roimis an nDrochshaol, bhí feirmeoir ar an mBaile Loiscthe, agus bhí buachaill aimsire aige. Ach tháinig lá fliuch, agus bhí an buachaill cois na tine. Thairrig an máistir a chathaoir síos go dtí an doras.

¹ l.s. ‘úrán’

² l.s. ‘póirt’, agus an nóta seo a leanas ag an bun an leathanaigh: “tuigeadh dom go ndúirt Seán Criomhthain na púirt ar dtúis, ach na “poirt” a dúirt sé thar’n ais.”

“Ní fhéadfainnse a bheith ag tabhairt páidh díomhaoin duit,” arsa é sin.

Chuir se ag taoscadh an aoiligh é a bhí ar aghaidh an doiris amach, agus é féin suite ar a chathaoir istigh ag faire air. Bhí an buachaill comh fliuch is dá dtairrigeofaí as an abhainn é, agus ní raibh don mbuachaill sin is dócha ach deich scillinge sa ráithe. Chonaic m’athair an feirmeoir sin ina dhia’ san ag teacht ón *bpoorhouse* tréis tamaill a chaitheamh ann.

Nuair a bhíodar ag obair ar an mbóthar so siar sa Drochshaol, bhí fear ón mbaile seo ag obair ann. Níl aon lá ná fanadh cuid don mbia spártha age m’athair. Thugadh sé dho é. Ach bhíodar aon lá amháin, agus nuair a stadadar chun bídh a dh’ithe, do bhí fear ann, agus d’imigh sé bhuathu. Chuaigh sé tamall maith ó bhaile suas bhuathu. Do chuimhnigh m’athair go maith cad a bhí air. Bhí náire air suí ina dteannta nuair ná raibh éinní aige le n-ithe. Ach ní mór a dh’ith sé dhá chuid bídh in aon chor an lá san. D’imigh sé, is do bhain sé amach é, agus thug sé dho é.

“On diabhal,” arsa é sin, “nár mhór an cuimhneamh ‘uit é. Inniubh an tríú lá agam,” arsa é sin, “gan éinní a bhlaiseadh.”

Ach nuair a tháinig sé chuige seo go dtugadh sé roinnt gach aon lá do, dhírigh sé air.

“Is maith a bhí a fhios agat,” arsa é sin, “go n-íosfainnse é siúd.”

“Bhí a fhios agam go maith é,” arsa m’athair, “ach ba mhú do thrua liom an té ná raibh éinní aige. Bhí ábhar agat fhéin,” arsa é sin, “ach go deimhin,” a dúirt sé, “ní gheobhair aon bhlúire bhuamsa ar feadh do shaoil aríst mar gheall ort fhéin.”

Bhí fear eile ar an obair, agus bhídís ag teitheadh bhuidh, mar ní raibh éinní á dh’ithe aige, ach caoirfheoil a bhí goidithe aige. Bhíodh gaoth ag gabháil tríd.

Bhí Swingle mar mhinistir anso aimsir an Drochshaoil. Bhí na gléibeanna aige. Bhí gort linne, agus gort le Sullivan ar an mbaile seo, agus gort leis an nGearaltach a bhí ar an gClochán Dubh anso thíos. Is iad na treontaithe gur leo na goirt a bhí ag díol astu. Éalaítí, na ba, isteach orthu uaireanta. Bhí fear ina mbun ag an ministir, Connor, Micil Sheáin. Ach do bhí na ba istigh agem uncail sa

ghléib turas, agus do rug Micil Sheáin orthu.

“Cuirfead an dlí ort,” arsa Micil Sheáin le m’uncail, “mar gearánfadsa le Swingle tú.”

“Dhera, dhá ba é Swingle féin a bheadh ann,” arsa m’uncail, “chuirfinn mar mhaide sa bhearnain é.”

Chuaigh Micil Sheáin ’dtí Swingle, agus nis sé an chaint do. Seirbheáladh m’uncail, agus chuaigh sé síos go tig na cúirte, agus chuaigh Micil Sheáin in airde ar dtúis, agus nuair a bhí sé ag tabhairt fineacht bhuaidh, glaoth ar m’uncail ansan. Dúirt sé ná raibh aon ghnó in airde aige fein go raibh an fhírinne ráite ag Micil. Tugadh ana-chreidiúint do m’uncail, agus níor chuaigh air ach pingin costais. Bhí *agent* age Ventry, Jute, agus bhí aithne aige ar mo mháthair chríonna, mar bhí tig ósta agena muintir thoir i Mám Cúlach, agus stadadh na Ventrys i gcónaí ann nuair a bhídís ag gabháil soir ná anoir. Ta Mám Cúlach thoir timpeall an Choma¹. Ach do bhuail Jute léi lá sa Daingean.

“Conas ’tánn tú, a Missus Criomhthain?” arsa é sin.

“Dhera, conas a bheinn, agus mo ghléibín imithe bhuam,” arsa í sin.

“Go deimhin féin mhuisse,” arsa é sin, “ní fada go mbeidh do ghléibín agat,” arsa é sin, “bainfeadsa an gléibín agat do san sara fada.”

B’fhíor do. Thug sé leis anso thíos Swingle isteach ’on ghléib, agus chaith se fóidín a bhaint lena láimh, agus é a thabhairt do Jute ag tabhairt seilbh do, agus d’fhiarthaigh Jute cá raibh Peaidí Criomhthain. Dúrtas leis go raibh se ar an bportach.

“An mac do tusa?” arsa é sin le m’uncail.

“Is ea,” arsa m’uncail.

“Tabhair do an fóidín sin,” arsa é sin, “nuair a thiocfaidh sé abhaile.”

Thóg m’uncail an fóidín.

“Is ea,” arsa m’uncail, “beidh bliain eile agamsa anois ar an ngléib.”

“Is ea,” arsa Jute le Swingle, “dá mbeifeá tamall eile ina dteannta, dhéanfá coinsiléirithe dhóibh.”

¹ “c. 10 mhíle siar ó Thrá Lí” – SÓD.

Is dócha gur roimis an nDrochshaol ab ea é sin.

Chonacsa Léim Fhir Léith, tá sé sa pharóiste seo, chonacsa é ar aon tig amháin. Tá dhá thig anois ann, ach do chonaic m'athair áitreabh mór ann. Níl aon lá a raghfá go barra an chnoic, a deireadh sé, ná go gcloisfeá bruíon ann. Leaghadar sa Drochshaol ar nós na haon bhaile. Slattery a tháinig ansan ann ó Pharóiste Ó Bréanainn in aice Thrá Lí.

Nuair a tháinig Gromail go Cathair Scoilbín, bhíos ag eachtraí cheana dhuit air, deiridís gur saighdiúir é. Bhí Cathar Scoilín ar fad aige. N'fheadar an raibh sé pósta ag teacht. Ní raibh aige ach mac, ach bhí scata iníonacha aige. Phós an mac, agus phós na hiníonacha, agus thug sé cuid don dtalamh dos na héinne acu. Sin é an chúis ná fuil puinn dos na Gromails ann.

Bhí cuirneacht fadó ann go raibh ceol inti. Nuair a bhí m'athair ina gharsún, bhíodh cuid di á dhó aige m'athair críonna sara meileadh sé í, agus bhíodh daoine istigh, agus an gráinne a léimeadh nuair a bhuaileadh sé san aghaidh orthu, bhíodh gach aon bhéic acu. Bhíodh sí ag fás age scata daoine, ach ní fhéadaidís puinn a bheith acu nuair a bhí scata treontaithe ann. Bhí cúigear nú seisear treontaithe sa p[h]aiste sin age Sullivan a bhí ar an mbaile seo. Tá féar cheithre mba déag aige, agus ansan, bhí tithe bochta ann, agus bhíodh scór curtha ansan acu, prátaí.

Bhí fear dos na Cathaíoraigh anso thiar, agus bhí mac do ina phílear, agus bhí mac eile age baile. Bhí m'athair ina gharsúinín an uair sin. Cailleadh an mac a bhí age baile, agus chaith sé an pílear a thabhairt abhaile ansan. Bhíodh sé sa ghort, agus ag gol a bhíodh sé cois an chlaí. Bhí m'athair ina gharsúinín, is ghaibheadh sé chuige.

“Nách mór an náire dhuit a bheith ag gol,” a deireadh sé, “ná fuil an pílear agat?”

“Mo bhuaireamh,” a deireadh sé, “a bheith ag féachaint ar an sop in ionad na scuaibe. Níor imigh aon chrích riamh ar phílear,” arsa é sin, “ach an chrích a dh'imeodh ar sheana-chapall bán.”

“Cad é an chrích a dh'imíonn ar sheana-chapall bán,” arsa an garsún leis, “ach oiread le

haon chapall eile?”

“Nuair a théann seana-chapall bán i gcríonnacht,” arsa é sin, “líonann a chroiceann do ghearba. Ní bhfaighfeá éinní ar a chroiceann féin.”

Níor cailleadh éinne ó tháinig na teorniopaí. Na *haberdeens* a thugaidís orthu. An té go mbídís aige, bhíodh sé á ndíol. Tistiún an chloch a bhí orthu tamall. ‘Mhór an scanradh na prátaí a bhíodh ann roimis an nDrochshaol. Chloisinnse m’athair á rá go mbíodh poill phrátaí acu, agus go mbíodh an coirce éirithe lastuas dóibh, agus nuair a bhídís ag dul ag triall orthu le capall agus le húim, faid a bheadh fear ag líonadh ar an gcapall, chaithfeadh fear eile a bheith as a cheann chun ná beadh sé ag ithe an choirce. Ní bhíodh aon tslí isteach insa botháin dos na prátaí acu. Ní thagadh aon bhleais an uair sin, agus bhíodh na gais glas, agus iad á mbaint. Chaithidís na gais a bhaint le corráin ar dtúis. Níor chuireadar aon chuthag orthu féin nuair a bhí an t-ocras ann, mar ní raibh aon cheann orthu a mhúsclódh iad ná a ghríosfadh iad.

415. *Péaca prátaí á chur sa Drochshaol*¹

11.3.45

CBÉ, 968: 181-182

Bhí fear bocht in Ard Fhearta, agus ní raibh aon phráta síl aige do chuirfeadh sé. Dúirt Father Éigin leis dul go dtína leithéid seo d’fheirmeoir gur chuala sé go raibh tig mór prátaí aige, go mb’fhéi’ go bhfaigheadh sé an síol bhuaidh go ceann tamaill, go mbeadh neart aige rud éigin a thabhairt do as. Do chuaigh sé chuige, agus dúirt sé leis ná faigheadh. Do bhí sé féin agus duine nú beirt eile istigh i dtig na bprátaí, ag baint péacáin do phrátaí agus á gcaitheamh amach ’on bhuaile. Tháinig sé abhaile. Do bhuail an sagart leis. Dúirt sé ná geobhadh sé aon phráta bhuaidh.

“An bhfeacaís é fhéin?” arsa an sagart.

“Do chonac,” arsa é sin, “ní gheobhainn ceann bhuaidh. Bhí sé fhéin is beirt eile ag baint phéacáin do phrátaí, is á gcaitheamh amach ’on bhuaile.”

“Téir, is tabhair leat na péacáin,” arsa Father Éigin leis, “agus cuir iad fé mar a chuirfá scioltáin.”

Dhein sé rud air, agus an bhliain sin, dhúblódh sé prátaí leis an bhfeirmeoir féin. Is dócha gurb é an sagart a dhein é.

¹ Ó Davis, “an máistir scoile Sasanach a bhí ar an gCill”, a chuala athair Sheáin Mhic Criomhthain dar le nóta ó SÓD sa lipéad a ghabhann leis an mír seo. Tugtar a thuilleadh eolais i dtaobh na pearsan seo in §392 | CBÉ, 968: 175-180.

416. An bord

[?].11.50

CBÉ, 1201: 97-119

Tá an seana-bhord san ansan chúig mbliana agus trí fhichid. Seana-Shéamus Ó Laighin a bhí thiar ar Na Gorta Dubha a dhein é, agus bhí sé deich mbliana fichead insa tig sara raibh aon aithint ar aon chlár óna chéile ann. Bhí sé comh fáiscithe sin. Bhí an t-adhmad a bhí ann bliain in airde ar an lochta, ag stálú aige sarar dhein sé é. Ar feadh mórán blianta, níl éinne ar an mbaile seo a cailltaí ná gurb ar an mbord san a cuireadh é. Tagtaí ag triall ar, mar ní raibh aon bhord ar an mbaile comh breá leis ná comh fada leis. Bhí bord ins gach aon tig insa tsaol san. Is minic a chuala m’athair á rá, bliain roimis an nDrochshaol, deireadh sé ná raibh puinn tithe ar an mbaile seo nár dhein bord nua, agus an bhliain ina dhiaidh sin, ní raibh puinn le cur ar an mbord acu. Nuair a chonaic tig acu bord nódh ag an dtig eile, d’imíodar féin, agus chuireadar ceann á dhéanamh. Cad a dhéanadh an t-éad! Ar an mbord a ligtí amach gach aon chorp fadó. Fhéach níl aon chorp á chur ar aon bhord anois. Thíos fén mbord a bhídís sa tseana-shaol dréir dhealraimh, mar “tá sé fé chlár,” a deir gach éinne fós.

Lá coille agus an aimsir

Ba chuma leis na seandaoine fadó ach Lá Coille a bheith breá. Deiridís gurb ana-chomhartha ar an mbliain an lá san a bheith breá, go mbeadh aimsir mhaith ann i rith na bliana. Agus féach, bhí *coastguards* thíos i mBaile na nGall, agus bhí an comhartha céanna aige. Deireadh sé gurb ana-chomhartha ar an mbliain Lá Coille a bheith breá.

An Drochshaol

Nár mhór an t-ocras a bhí orthu insa Drochshaol nuair a thairrigidís an croiceann caorach a bhíodh sáite amach idir fráma an doiris agus an falla. Thairrigidís amach é, agus chuiridís ag róstadh é, agus bhídís á dh’ithe sin.

Uisce a níonn corp

Féach an mac linn atá in Ardea i Louth, deir sé an t-uisce a níonn corp ann, go gcuireann siad thíos fén gcré nú fén aoileach é, agus ní fheacamair riamh á dhéanamh anso leis ach á chaitheamh laistiar don dtine, agus an t-éadach a nífeadh an corp comh maith. Deiridís go raibh leigheas ar dhathacha insan éadach san a bheadh agat ag ní coirp, é a chimilit dos na háiteanna go mbeadh na pianta iontu.

Maighréad Bean Mhic Criomhthain: Is minic a chualamair mar gheall ar na mná so ná pósann nuair a cailltear iad, go gcaitheann siad siúl tríd an abhainn mhór atá idir an saol so agus an saol eile, agus na mná pósta, beirtear trasna i mbád iad.

Bráca Chearbhaill ort

Bhí seana-bhean thíos ar an Muirígh, agus ní raibh aon eascaine ina béal ach “Bráca Chearbhaill ort,” “Bráca Chearbhaill ort.” Bhíodh sé sin i gcónaí ina béal. Ach dúirt Dan¹ Houlihan léi lá gur cheart di an eascaine sin a chaitheamh uaithi.

“Ó, a chroí,” a dúirt sí, “mheasas gur eascaine gan díobháil í.”

“Ana-dhrocheascaine í sin,” a dúirt sé, “fear ab ea Cearbhall go raibh a lán rudaí déanta as an slí aige, agus nuair a fuair sé bás, chonaiceathas ina dhia’ san é, agus é ag tarrac bráca mór trom trí clocha agus trí charraigeacha.

Pósadh²

Bhíodh fuadach ar siúl go tiubh fadó. Nár m[h]aith a dhein fiagaí an Tiarna Brúnach, an fuadach. D’fhuadaigh sé iníon, agus ní chuige féin a bhí sé á fuadach in aon chor, ach ’dtí fear eile. Bhí an chabhair in aonacht leis a chuir ar chúlaibh an chapail í. Chuir sé *belt* thairsthi aniar ansan, agus timpeall air féin, agus chuir do. Bhíothas roimis age droichead, agus d’iompaigh sé chun na habhann, agus shiúlaigh sé an capall isteach, agus chonaic sé an port glas bhuaidh. Thug sé na spoir

¹ l.s. ‘Din’

² ‘Marriage leathanach 198 – 208’ mar theideal ar an méid seo ag SÓD. Tagairt do shliocht ó *A Handbook of Irish Folklore* ab ea é sin (Ó Súilleabháin, 1963: 198).

don gcapall. Léim an capall, agus chuaigh sí sall tirim.

“Dhé, mo ghrá thu a Theartair,” arsa é sin.

“Tá a fhios agam cailim anois,” arsa í sin, “chloisinn m’athair á rá ná raibh aon chapall timpeall ab fhearr ná Teartar a bhí ag an Tiarna Brúnach. Nách tú fiagaí an Tiarna Brúnach?” arsa í sin, “beir chughat fhéin anois me,” arsa í sin, “is beidh an scéal anamhaith.”

Dhé! Bhí an fhuil comh mór san ann má d[h]éanfadh, ach do rug sé go dtí an áit í go raibh beartaithe acu air. Cuireadh isteach i seomra ansan í, agus ní raibh aon easpa uirthi – tine ná solas ná bia ná éadach. Istigh ansan, bhí páipéar is peann is dubh is nach éinní istigh ar an bhfuinneog ann. Chíodh sí scoláirthíos¹ na scoile ag gabháil thar fuinneog gach aon lá. Scrígh sí leitir agus chuir sí amach tríd an bhfuinneog ’dtí ceann dos na scoláirthíos lá í, go ndéanfadh sé í a *phostáil*. *Phostáil* an leanbh an leitir, agus fuair a hathair an leitir, agus cuntas ar gach aon rud – an fiagaí a dh’fhuadaigh í, agus cá gcuir sé í. Tháinig sé sin go dtí an Tiarna Brúnach, agus do dhein sé an gearán go láidir ar an bhfiagaí. Chuir an Tiarna Brúnach fios go tapaidh air, agus é féin a chuir príosún lena shaol air. Thánathas ag triall ar an gcailín óg, agus beireadh abhaile í. Do buaileadh isteach an fiagaí, agus do bhí sé istigh. Chuaigh driotháir don Tiarna Brúnach go Baile Átha Cliath, agus do chonaic sé fiach ann, agus mórán capall, agus marcaigh, agus do bhí cailín ar chapall ann, agus do bhuaigh sí orthu ar fad. Fiarthaíodh don mBrúnach an bhfeaca sé a leithéid sin do chapall agus do mharcach riamh. Dúirt sé go bhfeacaigh, agus capall, agus marcach ab fhearr ná iad. Do cuireadh geall leis ná feacaigh, agus do chuir sé leo geall trom. Níor chuimhnigh sé ar an bhfiagaí a bheith sa phríosún nú go raibh a léim caite aige. Do tháinig sé abhaile, agus do chuaigh sé go dtí an driotháir mar gheall ar an gcúrsa.

“Ó, tá a fhios agat,” arsa an driotháir, “ná fuil aon dul ar é sin a scaoileadh amach ar feadh a shaoil.”

“Raghadsa fé duit,” arsa é sin, “go mbeidh sé sásta ar dhul isteach aríst, agus táim im dhuine

¹ l.s. ‘sgláirthíos’ tríd síos.

bhocht,” arsa é sin, “mara scaoilfir liom é.”

Bhog sé sa deireadh é. Chuadar go dtí an bpríosún chuige. Do niseadar an scéal do.

“Táimse sásta,” arsa é sin, “le dul agus mo dhícheall a dhéanamh do, agus lántsásta le teacht anso isteach aríst.”

Scaoileadh amach é. D’imigh sé fé dhéin an fhiaigh. Bhí pointeáltha ar an lá dho. Rug sé duine eile leis, agus dhá chapall acu. Bhíodar ag imeacht, agus chonaic sé, agus iad ag déanamh ar an áit, meitheal. Ní rabhadar i bhfad ón mbóthar. Bheannaigh sé dhóibh, agus dúirt se leo suí. Do shuíodar. Bhí sé á rá gur dheas an áit é seo, ach gur dócha gur áit uaigneach é.

“Á mbeifeá anso amáireach,” arsa iad san, “chífá spórt.”

“Cén spórt é?” arsa é sin.

“Beidh fiach anso amáireach,” arsa iad san, “agus tá geall trom curtha síos ag an dtiarna atá anso as a iníon féin, agus tá geall curtha ina choinne age duine uasal eile as a mharcach féin, ach is dócha go mbeidh sé cailte ag an nduine uasal.”

Niseadar nach éinní dho. Iníon do thiarna eile an marcach, agus bhí an fia aige sin, agena hathair, agus sin é an fia a bhí le scaoileadh rompu.

“Scaoilfear amach é,” arsa iad san, “agus tabharfaidh sé fén gcnoc úd thuas, agus raghaidh sé isteach i bpoll ansan, agus beidh an geall ag an gcailín.”

“An bhfuil puinn poll ann?” arsa é sin leo.

“Níl ach cúpla poll,” arsa iad san.

“An bhféadfadh daoine dul isteach in aon pholl acu?” arsa é sin.

Bhí aithne mhaith acu san ar na poill.

“Á, d’fhéadfadh,” arsa iad san.

“Á raghadh éinne agaibh,” arsa é sin, “agus na poill a dhúnadh, ach aon pholl amháin, agus dul isteach sa pholl san nuair a raghadh an fia isteach, é a phriocadh amach aríst, sin é an áit a bheadh an chuileachta,” arsa é sin, “ní haon chuileachta é a dhul isteach, agus deireadh a bheith leis.”

Dúradar go ndéanfaidís. Thug sé síntiús dos gach éinne acu. Ní raibh aon easpa airgid air.

“Tagaidh chughamsa tráthnóna,” arsa é sin, “is ní fhágfad aon tart oraibh.”

Lá arna mháireach, scaoileadar féna chéile é féin agus an cailín, agus bhí sé ag déanamh go maith, ag déanamh ar an bpoll a chrom sé ar a bheith ag dul chun deireadh, agus níor ghá dho é, ach é féin a dhein é. Nuair a chuaigh an fia isteach, bhí sé siar, agus í féin ar bhéal an phoill. Bhí liúireach agus tiomáint ansan ages na huaisle, ach níorbh fhada a bhí an fia istigh nuair a cuireadh deabhadh amach. Thug sé a aghaidh abhaile aríst. Má dhein, do dhein fiagaí an Bhrúnaigh an talamh go bog, é féin is Teartar. Cuir i gcás gur istigh i nGreen an Daingin a bhí an fia, agus an tiarna gur leis é. É ag déanamh ar a ghnáthóig is ea a ghreamaigh sé é, is bhí claíomh ar thosach na hiallaite aige. Thóg sé anuas é. Scread an tiarna air gan é a mharú, is go ngeobhadh sé an oiread san bhuaidh. Dúirt sé ná déanfadh. Chaith sé dho an ceann. Bhí crobh airgid age driotháir an Tiarna Brúnach mar gheall air, agus bhí oíche bhreá aige féin, agus ag an bhfiagaí an oíche sin, agus ages na buachaillí a bhuail leis ar an mbóthar. Ní ligeadh in aon phríosún níos mó é.

Banc Pheatsaí Grey sa Daingean

Peatsaí Grey a bhí sa Daingean, nár mhór an t-airgead a bhí aige gur chuir sé banc ar bun é féin. Theastaigh ó Herkson a bhí sa Daingean go mbrisfeadh sé é. Bhí an t-éad air. Chuir sé a t[h]uilleadh billí chuige chun óir a dh’fháil. Fuair. Ní raibh sé sásta. D’imigh sé, agus chuardaigh sé seana-chártaí agus áiteanna, agus chuir sé chuige crobh do sheana-bhillí a bhí croite caite chun óir a dh’fháil orthu. Má chuir, fuair.

“Abair le Seán Heckson,” arsa é sin leis an dteachtaire, “má tá aon tseana-cheirt eile aige, é a chuir chugham. Do cheanóinn ar bhain leis,” arsa é sin.

Thuas insa tSráid Mhór a bhí an banc.

An té go mbeidh an rath air féin, beidh sé ar a chuid gabáiste.

An té a bhíonn síos, luítear cos air,

An té a bhíonn suas, óltar deoch air,

An té a bhíonn síos an chéad lá,

bíonn sé síos go brách,

agus níl éinní is fearrr ná an lá fada,

agus an té a dh'fhéadfaidh é, priocadh sé rud éigin as.

An tSeisreach

Á mbeadh seisreach ag treabhadh fadó taobh an bhóthair agus á ngeobhadh bean an bóthar, agus iad ag teacht go bun, go dtí claí an bhóthair, níor mhaith leo é maran bhfanfadh sí go dtiocfadh sí go bun, agus “baile ó Dhia ar an obair” a rá.

Airgead sagairt

Deir siad ná bíonn aon rath ar airgead sagairt mar airgead gan allas is ea airgead sagairt¹, agus ní bhíonn mórán ratha, deir siad, ar airgead gan allas, agus deir siad á mbeifeá ag tabhairt síntiús do s[h]agart chun aifrin a léamh, ná fuil aon airgead ab fhearr le tabhairt do ná airgead a dhéanfá do shubstaint an tí. Sin é an t-airgead a cheart duit a thabhairt do.

Bhí fear i Meoraice fadó, agus bhí pingíní airgid aige, agus bhí paiste talún in airde, agus dúirt mianadóir leis go raibh ór ann. Cheannaigh sé é. Chuaigh sé ag cuardach an óir, agus chaith sé an méid eile airgid a bhí aige ag lorg an óir. Bhuaile sé an ramhann ar a ghualainn agus deireadh caite

¹ Is é a leithéid a dúirt sagart le hathair críonna Sheáin Mhic Criomhthain i dtaobh airgead na sagart: “Ní ón gcroí a thugann daoine bhuathu é,” arsa é sin, “agus níl aon allas ann,” (§216 | CBÉ, 1035: 264-266).

aige chun teacht abhaile, agus é cráite. Bhí séithleán uisce ann, agus sháigh sé an ramhann sa tséithleán chun go nglanfadh sé an séithleán sall. Chuaigh an ramhann ceangailte. Thairrig sé chuige an ramhann, agus bhí cnapán maith ceangailte ar bhéal na ramhainne. Cad a bhí ann ach cnapán óir. Bhí sé saibhir ansan.

Ball éadaigh a cuireadh le anam duine

Tá a fhios agam meaintín, agus bhí cótá á dhéanamh aici do bhean a bhí marbh le cur lena hanam. D’fhuaigh sé isteach cnaipe stáin ann, agus bhí se fuaite aici nuair a chuimhnigh sí uirthi féin.

“Ó Mhuire,” arsa í sin, “féach cad atá déanta agam, cnaipe stáin atá curtha isteach agam.”

Ghearraigh sí amach ansan é, agus c[h]uir sí an múnla ansan air. Cnaipí a bhíodh ag imeacht fadó go dtugaidís na múnlaí orthu

.

Marriage

“Ní céasadh go pósadh.”

“Pósadh inniubh agus picil amáireach.”

“Ní b[h]eidh srathar na hainnise ort go bpósfair.”

“Píosam pósam,

prátaí rósta,

poitín uisce, cois na tine,

lánú p[h]ósta,

srathar na hainnise a chaitheamh go deo orthu.”

Sin é a deiridís nuair a chuiridís dhá phóire rósta síos i bpoitín uisce Oíche Shamhna. Ní pósadh go sop.

Ní pósadh go sop

Bhíodh fonn ar gach éinne pósadh fadó. Á ba é an t-iascaire é ná beadh aige ach cion báid, phósfadh

sé. B'fhusa a chleamhnas san a dhéanamh ná cleamhnas an té go mbeadh talamh aige mar ní bheadh aon spré sa cheist.

Maighreád Mhic Criomhthain: Nuair a bhíomairne ár ngearrchaile¹ ar an Muirígh, bhíodh mórán laethanta insa Inid gach aon bhliain, go ngaibheadh chúig chóisir ó Pharóiste Múrach tharainn siar ag dul ar an mBuailtín, ach ní phósadh éinne an uair sin go dtiocfadh an Inid.

Dá leagfá an chathaoir tréis éirithe di, cad a déarfá?

Seán Mac Criomhthain: Ní phósfaí i mbliana a déarfadh duine leat.

Nuair a deirteá “a bhuachaill, beir buartha go bpósfaí, agus an uair sin, beir buartha do dhóthain,” an amhlaidh a bhídís a d’iarraidh an buachaill a chur ó phósadh?

Ó, ní hea, ach ag déanamh seoigh a deiridís é.

An mbíodh súil ag na daoine in airde le lánú a phósadh?

Ar na daoine óga, á ba dhóigh leo go bhfaighidís cuireadh ar an bpósadh. “Is ea, tá sé ag socrú síos do féin,” a déarfaidís nuair a chloisfidís duine aithnidiúil a bheith ag pósadh. “Thairrig sé cúram air féin,” “níor thairrig sé aon chúram riamh air féin.” “Tá páirtí maith anois aige,” is é sin bean mhaith.

An áiridís éinní mar chomhartha go bpósadh duine?

Níor chuala riamh é.

An bpósadh triúr amach as tig in aon bhliain amháin?

Níor mhaith le héinne é. Deiridís ná beadh sé seansúil, agus uair a dheintí cleamhnas dúbaltha, níor mhaith leo an dá lánú a phósadh aon lá amháin.

An dtugtaí bronntanas do lánúintí nuaphósta?

Ní thugtí fadó, ach á mbeadh aon mhóraíocht agat leis an lánúin, chuirfá deoch ar an bpósadh. Thabharfá buidéal fuiscí leat nú seasófá galúin pórtair lá an p[h]ósta. Le dhéanaí a tosnaíodh *presentí* a thabhairt dóibh. Tugann daoine árais tí is éadaí leapan do lánúintí anois. Deintaí póstaíocha san áit seo fadó, agus an cailín a tusáinfaí dhon mbuachaill óg oíche an chleamhnais, ní

¹ Foirm an uathu á húsáid thar ceann na huimhreach iolra ar chuma éigin anseo.

hí a dh'fhaigheadh sé le pósadh ina dhia' san.

An sonuachar a roghnú¹

Póstaí a lán cailíní dá n-ainneoin, agus ní bhíodh a n-aighe in aon chor le pósadh. Chuala-sa mar gheall ar chailín aníos ó Chlochán, agus bhí feairín beag buí dubh ann, agus bhí feirm bhreá aige, agus bhí an cleamhnas déanta eatarthu. Chuaigh sí go dtí a huncail, agus thug sí an oíche go léir ag gol.

“Raghaidh mé ’dtí t’athair,” arsa an t-uncail, “agus brisfimid an cleamhnas.”

“Mharódh m’athair me,” arsa í sin.

Níor briseadh an cleamhnas cé gur chaoin sí a sinsir an oíche sin. Phós sí an feairín buí dubh, agus ana-shaol a bhí aici. Bhí lánú istigh insa tsáipéal in Abhann an Scáil chun iad a phósadh, agus briseadh an cleamhnas istigh, agus ghaibheadar amach ina dhá *bparty*. Bliain ón Inid san, dhein sé cleamhnas le bean eile, agus chuadar dtí an althóir, agus briseadh istigh é, agus ghaibheadar amach ina dhá *bparty*. Ghaibh an sagart amach ina ndiaidh, agus chonaic sé an buachaill amuigh:

“Is ea,” arsa é sin, “níor phósais inniubh leis.”

“Níor phósais,” arsa é sin, “is dócha nách aon phósadh go deo anois é.”

“Ní hea,” arsa an sagart, “nú go dtiocfaidh an bhean cheart pé áit don domhan go bhfuil sí.

Nuair a thiocfaidh sí sin, ní bheidh aon mhoill ort. B’fhéidir,” arsa an sagart, “gur thall i Meoraice atá sí fós.”

An bhliain a bhí chughainn, do bhí sí tagaithe ó Mheoraice, agus do pósadh iad. Bhí beirt fadó ann, agus bhí cleamhnas déanta dhóibh, agus chuaigh an cailín ’on Daingean le úim mhóna. Nuair a chuaigh sí go dtí an mám, bhuail fear léi. D’imigh sí leis an bhfear, agus d’fhill an capall abhaile. N’fheadar cá gcuadar, ach is dócha gur phósadar lá arna mháireach.

Cá dtéadh lánú nuair a phósaidís?

N’fheadar cá dtéidís, ach ní fada ó bhaile a théidís. Tá a fhios agam lánú a dh’éalaigh le chéile ar an

¹ ‘Choice of Spouse’ a bhí mar theideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn. Bhí úsáid á baint ag Seosamh Ó Dálaigh as an *Handbook of Irish Folklore*.

mbaile seo, agus níor chuadar thar gharraí na stácaí. Cuireadh teachtaire isteach 'dtí athair an bhuachalla go rabhadar éalaithe le chéile. Tugadh isteach iad, agus chuadar siar ar an mBuailtín lá arna mháireach, agus pósadh iad, agus mhaireadar go síoch grách i dteannta a chéile. Bhí bean eile ann, agus tháinig sí isteach i dtig lá, agus bhí an baitsiléar sa chúinne. Shuigh sí ar dtaobh thuas do, agus d'fhan sí ann. Pósadh i gceann cúpla lae iad.

Bhí sí pósta ar an gClochán Dubh, ó Bhaile na nGall ab ea í, agus bhí sí mór leis an mbuachaill seo a bhí ar an gClochán Dubh. Bhí sí ag teacht ón nDaingean lá a bhuail an buachaill léi ar an mbóthar, agus é ag tabhairt cúpla bó abhaile. Bhí sé ag oscailt na bearnan.

“Fan,” arsa é sin, “agus beidh mé in aonacht leat síos.”

D'fhan. Bhí sí in aonacht leis an bóthar síos, agus ní raibh na tithe a bhí ar an gClochán Dubh ar thaobh an bhóthair an uair sin. Bhíodar thíos insa ghleann an uair sin.

“Téanam ort síos,” ar seisean, “faid a bheidh mé ag ceangal na mba isteach. B'fhéidir go mbeadh moill bheag orm, agus beidh mé in aonacht leat go Baile na nGall.”

Bhí sí comh baoch is gur chuaigh sí síos ina theannta, agus c[h]eangail sé isteach na ba, agus chuaigh sé isteach abhaile, agus fé mar a chuirfeadh sé balcaisí éigin éadaigh air féin insa tslí is go raibh moill air. Á luíod moille a dhein sí nuair a chuaigh sí abhaile, bhí an *report* age baile roimpi go raibh sí imithe in aonacht leis an mbuachaill. Nuair a chuaigh sí abhaile, dhírigh a máthair uirthi, agus bhí nach aon ainm aici uirthi.

“Canathaobh,” arsa an cailín, “go bhfuileann tú ag tabhairt ainmneacha orm¹?”

“Nár dh'imís lena leithéid sin?” arsa í sin.

“Níor dh'imíos,” arsa í sin, “ach d'fhan leis faid a bhí na ba á cheangal isteach aige, go mbeadh sé mar chuileachta in aonacht liom abhaile.”

Nár pósadh an b[h]eirt as san. Bhí a muintir comh baoch sin is ná beidís sásta mara bpósfaidís a chéile.

¹ l.s. 'orthu'

Bhí cailín agus buachaill ar an mbaile seo, agus bhíodh daoine óga an bhaile ag casadh an bhuachalla leis an gcailín.

“Mhuise, i gcead don [g]cuileachtaí, Dia idir sinn agus an t-olc, ná tairrigídh chugham é,” a deireadh sí.

Fé oíche Inide a bhíodar pósta. Á cháineadh dhi féin a bhí sí.

Fuadach

Deintí fuadach leis fadó. Bhí cailín ar phósadh thíos ar an Muirígh, agus bhí baintreach¹ ar an mbaile, agus d’fhuadaigh sé í ón bpósadh, ach chonaic daoine éigin ag imeacht aige í, agus leanadh í, agus baineadh do í. É féin a bhí á fuadach. A daoine muinteartha féin a dh’fhuascail í. Á mbeadh sí beartha aige leis ’dtí an dtig, phósfadh a muintir leis í, mar ní bheadh aon bhaint age éinne eile léi. Fé mar a dúirt Seana-Lord Ventry leis an *lord* óg:

“Ná pós bean gan spré,
is ná tairrig béal sagairt ort,
ná mallacht baintrí.”

Ceannach ban

Cheannaíodh na hiascairí na mná fadó. Níl trí fichid blian in aon chor ó thug S. D.² a bhí ar an Muirígh chúig point do mhuintir na mná a bhí aige, ach í a dh’fháil le pósadh, agus athair L. C.³, is amhla a thug sé cúig nú sé ’o phuntaibh do mhuintir a gcéile, ach a n-iníon a dh’fháil.

Maighréad Bean Sheáin Criomhthain: Bhíodh an-chuileachta acu ar an Muirígh aimsir na hInide fadó. Bhíodh pingíní airgid déanta ages na baitsiléirithe, agus bhídís ag bothántaíocht ar an Muirígh

¹ Baintreach fir atá i gceist.

² Bearnáí fágtha ag an scríobhaí in aice na dtúslitreacha seo.

³ Bearnáí anseo arís.

oícheanta, agus bhíodh seandaoine ann, agus bhíodh na baitsiléirithe ag eachtraí mar dhea ar na háiteanna go raghaidís mar chliamhain isteach, go gceannóidís paiste talún dóibh féin, agus go bpósfaidís an cailín óg. Creideadh na seandaoine iad. B'fhéidir ná bíodh pingin airgid spártha acu san, ach é óltha acu.

Inid ghearra

Tá an Inid ana-ghearra i mbliana. Níor tháinig aon Inid anois comh gearra ó phós m'athair. Phós sé Máirt Inide, agus lá arna mháireach lá 'le Bríde¹.

Bhí buachaill óg ar an mbaile seo, agus níl aon tSatharn i rith na hInide ná beadh sé sa Daingean, fhéach an gcuirfeadh éinne aon chleamhnas air. Bhí driotháir aige, agus nuair a bhí an Inid imithe:

“Nár lige Dia go dtiocfadh aon Inid go deo aríst léi,” arsa é sin.

Bhíodh sé ag dul 'on Daingean, féach an gcuirfeadh éinne aon chleamhnas air, ag bualadh na dtor. Nuair a thagadh seandúine abhaile ón nDaingean fadó, go mbíodh cailín óg d'inín nú buachaill óg do mhac aige: “tá mo chasóg stracaithe ó bheith im tharrac chun cleamhnais i rith an lae.”

¹ Rud a thagann leis an méid a scríobh Gearóid Ó hAllmhúráin in *Flowing Tides: History & Memory in an Irish Soundscape*, leabhar arbh é lá fhéile Bríde féin an dáta a cuireadh mar shéala air (2016: 249): “St. Brigid’s Day prefaced the marriage season in the old Irish calendar. In rural Ireland, unmarried individuals seldom enjoyed the same status as those who were married. An unmarried man, even into old age, always remained a “boy” (ibid: 124).

417. *Meabhair an domhain agus seanchas eile*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 165-172

Bhí fear insa Daingean fadó, agus dúirt sé ná raibh ach trí unsa meabhrach ar fuaid an domhain. Bhí unsa di aige féin a dúirt sé, agus ba gheairid an mhoill ar an gcuid eile go léir dhá unsa.

An tobar beannaithe

Tá tobar ansan thíos ar an dtaobh thíos do b[h]óthar fé bhun an teampaill. An tobar beannaithe a thugann siad air. Bhíodh turais ann. Bhí turas anso timpeall fadó, ach ardaíodh siar go Dún Chaoin é. Turas Ghobnait. Na sagairt a rug siar an turas. Tá poll insa¹ chlaí atá ar an ngarraí ar dtaobh thuas don dtobar go nglaidís Poll Joe air. Áth a bhí ann fadó mar a mbíodh arbhar á loscadh, nuair a bhí m'athair agus seanuncail do Pheaidí Connor anso thiar, ag teacht ón dtráigh maidean le gainimh. Nuair a chuireadar Crosaire an Imligh aníos dóibh, chonaiceadar an deatach ag éirí as an dtobar beannaithe, ag éirí in airde agus suas isteach go Poll Joe. Dheineadar amach gur mar gheall ar an dturas aistriú.

Ba chuimhin le m'athair an turas aistriú as. Bhíodh lá nótlátha ar an mbaile seo. Bhíodh cúpla tint ann ag díoltachán. Ghaibhidís Bóthar na Bacaí taobh an teampaill aníos, agus timpeall anso, agus síos an bóthar eile, agus soir ansan, agus bhí cros age bun Bhóthar na Bacaí, agus cloch agena bun go raibh ionad do ghlún gearrtha inti, agus théadh gach éinne ar a ghlúine ansan. Is dócha go dtugaidís turaiseanna timpeall an tobair leis. Sin í an chros atá thiar i nDún Chaoin anois. Bhí na sagairt ar an mbaile an uair sin. Ba chuimhin le m'athair na sagairt a bheith ar an mbaile seo. Bhíodh na sagairt ag pósadh na ndaoine istigh i dtig an tsagairt ar an mbaile, mar chloisinn gur chuaigh buachaill ón mbaile seo ag obair 'on ghort maidean Mháirt Inide. Ní raibh aon chuimhneamh ar phósadh aige go dtí tréis dinnéir. Deineadh an cleamhnas, is bhí sé pósta sara gcuaigh sé a chodladh. Capall iallaithe a bhíodh acu. Bhí beirt shagart ann.

¹ An focal seo scríofa faoi dhó sa lámhscríbhinn.

Seanchas ar Phósadh

Conas a baisteadh pósadh air?¹ Bó anso. Sin é an bun a bhí le pósadh a bhaisteadh air. Aon áit a bheadh bó, déanfaí pósadh. Tá daoine ar an saol ná fuil sé ceapaithe dhóibh pósadh go deo. C[h]loisinn m’athair á rá go raibh sé lá sa Daingean, agus gur chuaigh cóiste trom isteach go sáipéal an Daingin agus thanadar amach ina dhá bparty. Níor pósadh an lánú in aon chor, agus níor phósadar i rith a saoil. Is dealraitheach ná raibh sé ceapaithe dhóibh. Chuaigh fear isteach go Sáipéal Abha an Scáil babhta á phósadh agus ag an althóir a briseadh an cleamhnas. An Inid a bhí chughainn, chuaigh sé ’dtí an althóir aríst le bean eile, agus ag an althóir a briseadh an cleamhnas aríst. Bhuail an fear amach, agus shuigh sé amuigh ar an gclaí. Ghaibh an sagart amach fé chionn tamaill.

“Níor phósais inniubh,” arsa an sagart.

“Níor phósas,” a dúirt sé.

“Níor phósais,” arsa an sagart, “mar níl an bhean cheart ag bualadh leat. B’fhéidir gur thall i Meoraice atá an bhean a phósfair fós.”

Bliain ón Inid sin, bhí sí tagaithe ó Mheiriceá, cailín, agus chuaigh sé ar an althóir léi, agus pósadh iad.

An lánú a pósfaí Dé Sathairn, chuala ná raibh sé ceart acu araon dul go dtí an aifreann Dé Domhnaigh, go raibh sé ceart duine éigin acu a dh’fhuireach istigh. Níl aon bhainis tréis pósta don lánú ná bristaí áras ann². Níor chuala riamh cén bun a bhí leis. Bhí cailín ar an mbaile seo, agus buachaill, agus bhíodh muintir an bhaile ag casadh an bhuachalla leis an gcailín. Deireadh sí:

“I gcead don gcuileachtain, Dia idir sinn is an t-olc, ná tairríd chugham é.”

Fé dheireadh na hInide, bhíodar pósta³.

¹ Seans gur ó SÓD a thagann an cheist seo, ach níl aon lúibíní cearnógacha timpeall uirthi mar a bhíonn de ghnáth nuair a chuireann scríobhaí isteach ar an scéal ar shlí éigin.

² Dar ndóigh, tá sé ina nós ag na Giúdaigh gloine a bhriseadh tar éis pósta dóibh, agus véarsa as Leabhar na Salm 2: 11 go minic á thabhairt mar mhíniú ar an nós sin: “déanaigí fónamh don Tiarna le heagla agus tugaigí ómós dó go creathnach”.

³ Bhí an méid sin á rá aige in §416 | CBÉ, 1201: 97-119, leis.

Níl aon teora le bean. Bhí fear i nGallros, agus phós sé. Fuair sé garraí talún mar spré leis an mnaoi. Nuair a tháinig an t-earrach chuaigh sé ag obair 'on gharraí, ach má chuaigh, tháinig driotháracha a chéile chuige, agus dhíríodar air. Bhuaileadar agus bhascadar é, agus dhubhadar é. Tháinig sé abhaile, agus é brúite gearrtha. D'fhiarthaigh a bhean do cad a d'imigh air.

“Do dhriotháracha,” arsa é sin, “a dhírigh orm toisc dul ag obair 'on gharraí.”

“Ciacu ba mheasa chughat?” arsa í sin.

“An fear críonna,” arsa é sin.

Thairrig sé chúichi buidéal, agus bhuail sí síos i stoca é, agus bhuail uirthi a seál, agus níor dhein sí aon stad nú gur bhain sí amach tig a muintire. Bhíodar suite chun boird ag ithe na bprátaí. Tháinig sí laistar don ndriothár críonna, agus dhein sí bruscar don mbuidéal anuas ar a cheann.

“B'fhéidir go gceapfa do shuaineas anois,” arsa í sin.

Bhuail sí an doras amach agus tháinig sí abhaile.

“Imigh anois,” arsa é sin lena fear, “agus téir ag obair 'on gharraí, agus má thagann éinne acu chughat, fágfadsa máchail air.”

D'imigh sé, ach is dócha nárbh é an lá san é, mar ná raibh sé ábalta air, ach pé lá a chuaigh sé ann, níor tháinig éinne chuige.

An bhfuil aithne agat ar Sullivan san in Imleá na gCrann go dtugann siad an *Boggy* air. Bhí sé sin á rá le fear an tí seo, go gcuala sé a athair á rá gur chuir aon bheithíoch amháin ceathrar cailíní i gcrích. Cailín éigin is dóigh gur in Imleá a bhí sí, agus phós sí, agus fuair sí beithíoch mar spré. Bhí cailín óg eile sa tig gur chuaigh sí, agus deineadh cleamhnas di, n'fheadair ná gur go Cathair Scoilbín a chuaigh sí, agus ís í an bheithíoch chéanna san a rug sí ann mar spré. Bhí cailín óg do dhriofúr céile aici sin sa tig sin, agus deineadh cleamhnas di. Cuireadh go Paróiste Múrach, agus rángaigh cailín aríst insa tig sin, agus deineadh cleamhnas di sin le fear óg ar an nGarrán, agus is í an bheithíoch san a fuair sí mar spré. In Imleá a thosnaigh an bheithíoch, agus ar an nGarrán a stad sí.

Chuala trácht ar fhear a phós cailín ón mbaile seo. Bhí chúig phúint geallta dho mar spré. Ach do

tháinig sé ag lorg na spré fé cheann tamaill. Chuaigh athair na céile¹ amach. Thug sé bollán cloiche isteach leis.

“Tabhair leat é sin,” arsa é sin, “agus faigh scálaí i dtaobh éigin agus mara bhfuil chúig phúnt inti, bead mar mheach leis an gcuid eile.”

Tháinig fear mar chliamhain isteach ar an mbaile seo, agus is amhla a fuair sé dhá mhuic ramhra ó mhuintir a chéile ar d[h]ul ann. Maireann sé fós. Bhí sé i Meoraice. N’fheadar an raibh sé ráithe in aon chor ann, ach chuir sé dhá phunt bhuaidh abhaile, agus é féin a thóg amach as Phost Office an Daingin é. Bhí sé féin tagaithe comh luath leis.

Is minic a chuala ainmhí a tógfaí ar thalamh gainimhe, is sia a mhairfeadh sé i dtalamh gainimhe ná é a aistriú. Nár mhór an obair d’fhear ón gClochán Dubh, a cheannaigh dhá chaíora ón ’leán. Níor chuadar isteach aríst ann. Cheannaigh sé an chaíora, agus bhí tamall ina dhia’ san, bhí sé sa Daingean, agus bhuaill an fear leis ón ’leán a dhíol na caoirigh.

“Is ea,” arsa fear an ’leáin, “conas atá an dá chaíora úd?”

“N’fheadar conas atá siad,” a dúirt sé, “níor fhanadar agam ach aon lá amháin ó thógas liom iad. Ní bhfuairéas tasc ná tuairisc ó shin orthu.”

“Ná bí á lorg,” arsa fear an ’leáin, “chuadar siar isteach ’on ’leán aríst, agus más maith leat,” a dúirt sé, “béarfaidh mé chughat amach aríst iad, maran fearr leat a bhfiacha ná iad.”

Nár mhacánta an fear é, cé na fuil teist rómhacánta ar chuid do mhuintir an ’leáin... Thóg sé a bhfiacha. Cheapas féin ná raibh puinn snámh age caoirigh ach féach gur shnáimh an dá chaíora isteach ’on ’leán. Níorbh aon mhaitheas d’éinne caíora ón Oileán a cheannach chomh maith mar ’chuma dhuit cá gcuirfá í, is ag dul chun deiridh² a bheadh sí.

¹ l.s. ‘chéile’

² l.s. ‘deire’

Snámhaí maith

Bhí aithne agat ar Tom McDonnell a bhí thíos in aice leis an sáipéal, tá an siopa fós ann. A athair sin, shnámhadh sé Cuan an Daingin. Cócaire ab ea é age Lord Ventry. Ach chuadar lá ag bádóireacht, agus d'iompaigh an bád. Ní raibh aon tsnámh age éinne, ach aige seo, agus thánadar go léir saor, ach fear an tsnámh. Ní raobh aon aithne agatsa ar Sheáinín na Cluaise. Ón gCluais ab ea é. Is é rud a dúirt sé:

“A Mhuiris, a Thiarna,
cad a thug cócaire an Tiarna,
cad a thug á bhá thú,
is do bholg lán.”

Ní fheacaigh Seáinín na Cluaise aon aoibhneas riamh, ach na buidéil fuiscí a bhíodh insa fuinneoga a bheith ag féachaint orthu.

“Ó, ní fheaca aon aoibhneas riamh,” a deireadh sé, “ach a bheith ag féachaint ar na buidéil sin. Tá súil le Dia agam gurb é a mharóidh mé.”

Agus is é an fuiscí a mhairbh é.

418. *Capaill iallaithe*

15.8.45

CBÉ, 977: 351-352

Bhídís age cuid acu ag dul 'on Daingean. Capaill iallaithe, is bean ar a gcúlaibh acu. Ní cuimhin liomsa é, ach ba chuimhin le m'athair é. Nár dhiail an lúth a bhí sa bhfear ag cuir capall roimis síos Bóthar na Bacaí anso amuigh agus a thug *spring*, agus a chuaigh suite san iallait. Déarfá gur mhaith an lúth dul ar thóin an chapaill is gan dul suite ar an iallait, driotháir do Parson Goodman a bhí i mBaile Móir¹. Ní raibh aon easna ansúd, ach aon chlár amháin.

¹ Áiríodh 'Thomas Goodman' a bheith mar cheann tí i dteach i mBaile Áimín Treant, ciliméadar ar shiúl ó Bhaile Móir, le linn do dhaonáireamh na bliana 1901 a bheith á chur i gcrích. Bhí a bhean caillte, ach bhí a dheirfiúr Mary sa teach ina theannta maille leis na buachaillí aimsire a áiríodh ann. Baill d'eaglais na hÉireann an bheirt, bhí Gaeilge agus Béarla ar eolas acu mar theangacha. "Farm late paymaster rd" a luadh mar ghairm leis. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000861538/>

419. *Carraig Éinín agus seanchas eile*

[?].2.51

CBÉ, 1201: 195-210

Tá Carraig thuas i mbarra an chnoic inár dteorainne agus i dteorainn Chorr Áillí, Carraig Éinín. Sin í an ghaoth a chuireadh eagla ar an bhfíodóir a bhí ar an mbaile seo. Gaoth Charraig Éinín. Bhí Loingseach ón gClochán Dubh ag dul go Talamh an Éisc agus an dream a bhí ar an ártach fairis. Bhíodar ag eachtraí dhá chéile, agus bhíodar ag caint ar Charraig Éinín. Roinneadar lena chéile ann deich cheathrú fichead caorach tréis iad a ghoid. Is dócha gur timpeall an Drochshaoil ab ea é. Ag iascach a bhíodar ann. Ba mhór an fuacht a bhí ann. Cheannaigh sé féin agus páirtí do ceathrú mairtfheola timpeall na Samhan, agus lá Bealtaine, bhí sí comh friseáilthe is dá b'shin é uair a mharófaí í, gan aon tsalann. Ba mhór an fuacht é. Sin seanathair an Loinsigh atá anois ann, é siúd. Ag iascach a chuaigh sé ann. Bhíodh pá dhóibh.

Fothrach Naomh Breandán

Bhí coláiste thall sa bhfothraigh san thall age Naomh Breandán. Tá fuinneog in airde ón dtalamh sa chúinne thoir ann, agus tá i bhfeirm simné do pholl ag dul síos tríd an bhfalla ón bhfuinneog sin.

The priests' income

Coróin a dh'fhaigheadh na sagairt fadó as aifreann, agus sé scillinge ansan, agus seacht scillinge. Leathchoróin a bhíodh le fada as baisteadh, agus raol don gcléireach. Ní mar a chéile a bhaineadh an sagart as gach aon phósadh. Dréir a ngustail a bhaineadh sé dhóibh. Dhá phunt is trí punt. Scilling is dhá scilling a dh'fhaigheadh an cléireach fadó.

“Maidir le pósadh,” a dúirt an siota lena mháthair, “is gnó ródhaor é,
trí gini óir is coróin don gcléireach.”

Ach ní raibh ansan ach cóiriú. Ní thugaidís éinní don sagart fadó a chuireadh an ola orthu. Tugaid anois. Coróin is leath-*shovereign*. Chuala seana-bhean á rá fadó ages na *stations*, nuair a bhí airgead

na *stations* á bhailiú ag an sagart: “tá sé ceart scilling a thabhairt don sagart,” a dúirt sí, mar is é a chuirfidh an ola orainn. Ní tugadh na mná aon tsíntiús do as iad a choisreacan tréis linbh, ach deiridís gur raol an baisteadh le ceart, agus dhá scilling máthair an linbh a choisreacan. Chaithfeadh an bhean féin coineall chéarach a c[h]eannach, agus nuair a bheadh sí coisricithe ansan, bhéarfadh an cléireach bhuaithi an coineall. Chimeádfadh sé í i gcomhair na haltórach nú gnó éigin sa tsáipéal.

Thugaidís coróin don sagart fadó as dhul i sochraid agus thugaidís sadhfras do. Is amhlaidh a cheannaídis an sadhfras insa Daingean. Is dócha go dtéadh an sadhfras leathshovereign mar línéadach ceart ab ea é. Is minic a thugadh an sagart bhuaidh aríst é tréis na sochraide, ach do choinnídis go minic leis é, agus thugaidís leo abhaile é, agus dheineadh bean tí an tsagairt cabhair piliúir is rudaí astu.

Bhailíodh an sagart paróiste cess na Nollag. Bhíodh máistir scoile éigin á bhailiú san aige, agus leabhar aige, agus ainm gach aon cheann tí sa leabhar. Raol nú scilling fén mbó ab ea an cess fadó, ach tá leathchoróin fén mbó anois acu. Scilling is mó a dhíoladh iascairithe fadó, b’fhéidir go ndíolfadh cuid acu níos mó. Bhíodh fo-dhuine i gcónaí ná díoladh in aon chor iad. Father Scannell a bhí anso nuair a léadh sé cess na Nollag. Do léadh sé amach ainm an té ná díoladh é. Ní dheineadh Father O’Leary in aon chor é sin. Ní léadh sé amach ach¹ an dream a dhíoladh é.

Scilling agus leathchoróin an té is mó a dhíoladh ar na *stations*, ach tá sé méadaithe anois. Dhá scilling a thugadh m’athair do Father O’Leary ar gach aon station. Sin é an méid a thugadh na feirmeoirí móra dho. Tamall sarar imigh sé:

“Tabharfadsa *present* duitse,” arsa é sin le m’athair, “sara n-imeod.”

An *station* déanach ansan nú an tarna *station* déanach, nuair a thug m’athair dhá scilling do, do thug sé scilling as [thar’n ais] do.

¹ l.s. ‘as’

“Tánn tú ag tabhairt dhá scilling dhomsa,” arsa é sin, “ó thána ’on áit, agus ná tabhair d’aon tsagart feasta ach scilling. Sin é a dhóthain,” arsa é sin.

Níor chuir sé ach scilling síos insa leabhar do m’athair, agus scilling a bhí aige á dhíol ina dhia’ san. Raol a thugadh formhór gach éinne don gcléireach. Ní thugadh na daoine bochta faic do, ach ní bhíodh éinní á thabhairt don gcléireach fadó ar na *stations*, ach ligeant do t[h]ónacha na bpunann a tugtí do chapail na sagart a bhreith abhaile leis.

Bhailíodar airgead na marbh age béal doiris an tsáipéil. Tugann tú bhuait pé rud is maith leat, agus scrítar síos t’ainm leis an méid sin. Léitear amach ina dhia’ san ag an aifreann na daoine a thug an t-airgead bhuathu agus an méid a thugadar bhuathu. Thugadh daoine bochta raol bhuathu fadó, agus scilling, b’fhéidir. Raol le hanam a n-athar agus raol le hanam a máthar. Anois tabharfaid siad leathchoróin is mar sin. Tabharfaidh, b’fhéidir, fear an tí leathchoróin bhuaidh, agus tabharfaidh bean an tí leathchoróin bhuaithi, agus tabharfaidh an lánú óg leathchoróin bhuathu, agus á mbeadh buachaill óg sa tig a bheadh ag tuilleamh, thabharfadh sé leathchoróin bhuaidh insa tslí go mbeadh *sovereign* ag an sagart as an dtig.

An scoil ghallda i gCill Maoilchéadair

Bhí scoil ar an mbaile seo ages na súpanna. Bhí sé sa gharraí sin thíos. Níl aon rian di anois ann. Ní théadh aon Chaitliocaí ón áit uirthi, ach théadh clann chuid dos na *coastguards* ó Bhaile na nGall uirthi, agus Caitliocaithe ab ea iad. Bhí Leary agus Killday ann, agus Caitliocaithe ab ea iad san, agus chuiridís a gclann aníos ann cé go raibh scoil na Muirí ann an uair sin. Benson¹ an máistir deireanach a bhí anso thíos. Insa deireadh, ní raibh aon scoláire ag teacht, ach clann na *gcoastguards* ó Bhaile na nGall, agus is amhla a théadh sé síos go Baile na nGall gach aon mhaidean, agus bhí *shedín* beag thíos aige ann, agus bhíodh sé ag múineadh thíos. Tig breá ab ea an

¹ I.s. ‘Benchun’. Tá an fear seo luaite i ndaonáireamh 1901 mar a ndeirtear faoi gurbh as Cill Chainnigh é, gur ball d’Eaglais na hÉireann, agus gur mhúinteoir náisiúnta a bhí ann:
<http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000862361/>.

scoil seo thíos. Bhí tig an mhúinteora agus an scoil ceangailte dhá chéile. Ceann slinne a bhí air. Siar go Tig Gharvey i Leataoibh Móir a chuaigh an tslinn, agus na clocha a bhí ann nuair a leagadh é. Bhí an scoil ina theampall gallda ar feadh i bhfad acu sarar thógadh an *Steeple* ar an gClochán Dubh. Ní cuimhin liomsa an Steeple a thógaint. Nuair a dh'imigh Gloster is Sweeney ó Abha an Scáil, an ministir a bhí ann an uair sin, ach do m'athair a thug sé an eochair, chun féachaint ina dhiaidh. Nuair a tagadh sé ar "*prayers*" anso thíos, go dtí an Steeple, thagadh sé anso thíos uaireanta ag féachaint air. Tháinig sé aníos lá Domhnaigh, agus bhí cana adhmaid ann, agus cúpla beiste admhaid, agus rug sé orthu, agus dúirt sé nár mhór braon uisce a chur iontu san.

Dúirt m'athair liom féin tráthnóna cúpla *bucket* uisce a bhreith isteach is iad a chaitheamh isteach iontu. Tráthnóna ana-bhreá. Bhí an ghrian ag buíú síos nuair a tugadh an t-uisce isteach, agus chaitheas dul dhá uair ann, ach an tarna huair a chuas isteach, d'éirigh an caipín dom cheann, agus i ndeabhaidh mo chúil a thána amach. Nár mhór an t-eagla é is gan éinní a dh'fheiscint ná éinní a bhraistint, agus raghainn isteach i lár na hoíche roime sin ann.

Bhí cheithre mháistir is fiche siúlta uirthi. Bhí a n-ainmneacha age m'athair. Ní fhéadfaidís fuireach ann mar ciorraítaí anuas iad. Bhí sparrán Shiobhán Ní Mhathúna ag dul i ndísc. Bhí máistir scoile ann uair, agus bhí bean sheana-Chonnor a bhí anso thiar, ní raibh aon fhocal Gaelainne aici. Ó Bhaile Átha Cliath nú ó áit éigin ab ea í. Sasanaigh ab ea iad. Chuaigh sé féin is seana-Chonnor ar an Muirígh. Bhí síbín ar an Muirígh, agus thugadar an oíche ag ól ann, agus lá arna mháireach, tháinig sí ag baint sásaimh do Flaherty, an máistir scoile, gurb é a rug ar an Muirígh é. Bhí Gaelainn ana-dheas aige. Bhí sí ag cur thairsthi, is cad é an scalladh is bhí sé ag éisteach léi is ag éisteach léi go dtí go raibh deireadh ráite aici.

"Dhera, a bhean," arsa é sin, "ní mise a rug an fear liom, ach rug an fear leis me. Chuir sé mo chóta orm."

Chuir sé amach í. Chaith sí bailiú léi. Bhí beirt dos na Flahertys i ndeabhadh a chéile ann. Bhí Davis ann. Bhí Footcroft ann. Bhí Gloster ann. Bhí Amrós Cheann Trá tamall ag múineadh ann.

Bhíodh na sagairt ana-mhór i gcoinnibh éinne a bheadh ag caint leo, leis na múinteoirí seo. Bhíodar i mullach an chinn ar m'athair ar fad, mar níorbh aon chabhair dóibh a bheith ag gabháilt do gan a bheith ag caint leo. Bhí, chualaís trácht ar Cox a bhí ar an mBuailtín. Thiar i mbóthar Leataoibh a maraíodh é sin. Bhí an *coadjutor* a bhí ann, bhí sé ag caint le m'athair anso thíos.

“Táid siad san ana-chontúrthach,” arsa é sin.

“Ní chímse aon chontúirt iontu,” arsa m'athair.

“Ná feacaís conas a dh'imigh Cox,” arsa é sin, “agus ghaibh cuid dá chreideamh thairis. Ní raibh a bhac ortsa é a shabháilt.”

Capall iallaite a bhí ag an sagart, agus níl aon lá a ghaibheadh sé an tráigh ná go dtéadh sé amach nú go gcaitheadh an capall dul sa tsnámh ar deireadh.

“Níl aon lá a ghaibheann tusa siar,” arsa m'athair leis, “ná téann tú amach 'on taoide led chapall, agus dá mbrisfeadh an giorta ort, agus go gcuirfaí anuas tú, b'fhéi' go ngeobhadh cuid dod chreideamh tharat, agus dá ngeobhfá chun Cox,” arsa é sin, “an dtabharfá aon chabhair do chun é a shabháilt?”

“An áit a dtéann tú amach led chapall,” arsa m'athair leis, “á gcífinn Cox ansan amuigh, raghainn comh fada is do dh'fhéadfainn chun é a shabháilt.”

“Agatsa atá an creideamh ceart,” arsa é sin, “éinne go deo a chífir i ndainséar, tabhair cabhair do, ach táid siad cóntúrthach,” arsa é sin.

“Rud eile,” arsa m'athair, “dá mbeadh ainmhí liom i ndainséar anocht, agus go raghainn ag glaoch orthu, ní mór go bhfanfaidís lena gcuid éadaigh a chuir orthu chun teacht ag cabhradh liom.”

Bhí Father Éigin lá eile age Crosaire an Imligh seo thíos. Tá cloch i gcliathán an chlaí ag dul siar go gort Patty [McDonnell]¹. Chuir sé cos leis in airde ar an gclaí.

“Gheallfair dom anois,” arsa é sin, “ná beir ag caint le Davis.”

“Má gheallaim dhuit é,” arsa m'athair, “ní fhéadfaidh mé dul ar mo ghlúine maidean ná

¹ Ó SÓD a thagann an soiléiriú seo.

tráthnóna. Nách cách é,” arsa é sin, “agus nách comharsa é.”

“Go n-éirí an bóthar leat,” arsa é sin, “ná bíodh aon trácht thairis an méid sin agat.”

Cox, *souper* a bhí ar an mBuailtín. Stróinséir ab ea é. B’fhéidir go raibh sé ag obair ag an ministir.

Chuir Davis mar chúram ar m’athair dul chuige¹ chun go n-iompódh sé aríst.

“Is ea, conas atá do dhuine muinteartha Davis?” arsa é sin le m’athair.

“Trioblóid mhór ar Davis,” arsa é sin, “chuir sé mise chughat féachaint an bhféadfá aon tseans a thabhairt do.”

Go n-iompódh sé bhuathu aríst.

“Dhera, an fear bocht,” arsa é sin, “níl aon tseans aige ar dhul fén mbord san go deo aríst.

Tógadh sé a leanaí comh maith is d’fhéadfadh sé,” arsa é sin.

Bhí Davis ina mháistir scoile, Caitliocaí, agus dhein Father Éigin agus Father O’Donoghue Ard Fhearta é a bhriseadh as an scoil, agus sin é fé ndeara dho iontó, agus tháinig sé anso ansan. Bhí a mháthair ina Caitliocaí, ach d’iontaigh a bhean leis.

“Ná dúirt Davis liomsa,” arsa m’athair, “gur tusa a dhein *souper* do.”

“Ní mé,” arsa é sin, “ach Father O’Donoghue.

“Tusa a bhuaíl an chéad chlabhta air,” arsa é sin.

Is dóigh liom gurb amhla a chuireadar Davis as an scoil chun a shlí a thabhairt do dhuine eile.

Peaidí ar bord árthaigh

Chuaigh Peaidí ar bord árthaigh, árthaigh cogaidh, agus tugadh fúthu, agus thugadar fén namhaid, agus bhí na piléir á chaitheamh go tiubh.

“Táim á rá,” arsa Peaidí, “go mb’fhearr stad.”

“Cad atá aige sin á rá?” arsa an captaen nuair a chonaic sé an chuid eile ag gáirí.

“Deir se go mb’fhearr stad,” arsa duine acu.

Chuir sé fios ar P[h]eaidí, agus straein air, agus rug sé leis amach ar *deck* é. Ní fada a bhí an captaen

¹ “Father Éigin” – SÓD.

ann nuair a buaileadh é, agus maraíodh é.

“Ná dúrtsa leis,” arsa Peaidí, “go mb’fhearr stad.”

***Baile an Chótaigh*¹**

Bhí bean eile ann, agus theastaigh bhuaithi dul siar go Baile an Chótaigh. Tháinig sí ’on Daingean, agus má tháinig, ní fhéadfadh sí cuimhneamh ar ainm an bhaile. Bhuail duine éigin léi.

“Cá bhfuil Baile an Bhríste?” arsa í sin.

“Níl a leithéid ann,” arsa é sin.

“Tá,” arsa í sin, “mar táimse ag dul siar ann, ach b’fhéidir ná fuil an ainm ceart agam.”

“Níl a leithéid dho bhaile ann,” arsa é sin.

“N’fheadar cad a dhéanfaidh mé mar sin,” arsa í sin.

Thosnaigh sé ag áireamh na mbailte di go dtí gur áirimh sé Baile an Chótaigh.

“Á, sin é é,” arsa í sin.

Éacht uisce coisreac

Bhíomair lá istigh i dtig John Griffin sa Daingean, agus tháinig seana-bhean isteach, agus fear in aonacht léi. Mac di ab ea é. Bhí ualach mór buidéal aici istigh i leithead. Thóg sé isteach na buidéil, is thug sí leathghloine fuiscí don bhfear a bhí in aonacht léithi. Bhí beirt eile in aonacht liom istigh. Nuair a ghaibh sí amach:

“Dhera, liom féin ab ea na buidéil sin ar fad,” arsa John Griffin, “níl aon Domhnach ná beireann siad san dhá bhuidéal leo as so chun uisce coisreac a bhreith leo, agus beireann siad leo abhaile dhá bhuidéal uisce coisreac chun an teitheadh a chur ar na púcaí.”

Amhailt i bhfeirm cnoic ar an bhfarraige

Bhí iascaire ón Leitriúch, Sullivan aníos ón gCé, tá mac do thíos fós go nglaonn siad Dónall an Ché

¹ I.s. ‘Baile an Chóta’ tríd síos, agus is amhlaidh a deirtear an logainm mar seo go fóill sa dúthaigh.

air, bhí sé anso thíos oíche sa tseana-thig, agus bhí sé ag eachtraí dúinn. Bhíodar amuigh ag iascach i naomhóig, agus triúr acu, agus thit an bheirt eile dhá gcodladh, agus chonaic sé an amhailt ag déanamh air i bhfeirm cnoic, agus bhí sé a d'iarraidh an bheirt a dhúiseacht, agus ní fhéadfadh sé é. Ach nuair a bhí sé ag déanamh air díreach:

“Stad ar do láimh,” arsa é sin, “is ná dein aon díobháil.”

Stad sé.

“Cad atá bhuit?” arsa é sin.

Ní bhufair sí aon tor – d’fhiarthaigh sé aríst é, ach ní bhufair sé aon tor an tarna huair. Nuair ná fuair sé aon tor an triú huair, dúirt sé leis glanadh leis in ainm an diabhail. D’imigh sé leis fé mar a dh’imeodh gála gaoithe. Chonaic sé ag imeacht aríst é. Bhíodh siad ag iascach, é féin in aonacht, agus naomhóg aige a bhí lán do phoill, agus cuireadh sé scrathíní insa poill chun an uisce a choinneáil amach.

420. *I measc cránta gan mhúineadh*¹

[?].2.48

CBÉ, 1035: 330-332

Fear ón mbaile seo a bhí ag gabháilt do mhóin ar shliabh an Choimín. Bhí móin bhreá ar an gCoimín an uair sin, is bhí buachaill i gcontúirt age cailíní óga insa am san. Bhuaill tart é, agus chuaigh sé isteach i dtig, is bhí ceathrar cailíní istigh roimis. Chonaic sé an drochfhuadar fúthu.

“Ar an sliabh so is ea a ránga,” arsa é sin, “i measc cránta gan mhúineadh.

I measc dubhthoicí gránna go mbeadh sé gátarach orthu iad a lásaíl le bonsaigh.

Dá dtagainn céad lá ann, ní gheobhainn do ghrásta acu ná súgradh,

ach cnuasach agus bairnigh, as na tránna dhá mhúscailt.

Tá an t-uisce comh gann orthu is bheadh branda na Spáinneach,

is dá bar bhainne, níorbh aon namhaid leo na francaigh a dh'fháilt báite ann.”

Bhailíodar leothu an doras amach. Níor chuireadar aon chuir isteach.

Bhíodh sé sin sa tsaol an uair sin, aon áit go mbeadh aon scata cailíní, bheadh aon bhuachaill óg a gheobhadh an treo i gcontúirt acu. Bhí fear ón mbaile seo ag dul ag triall ar ualach gainimhe lá, agus bhí buachaill óg leagtha ansan thíos agen *Steeple* acu, agus é nách mór tachtaithe. B'éigeant do an fhuip a dh'úsáid orthu chun iad a chur bhuaidh. Ní raibh aon fhocal cainte aige. N'fhéadfadh sé siúl. B'éigeant é a thabhairt abhaile. Ní fada a bhí fear an bhaile seo tagaithe abhaile nuair a bhí máthair duine éigint dos na cailíní ar an ndoras chuige i dtaobh an drochúsáid a thug [sé] dá hiníon.

“Ba chirte dhuit go mór,” arsa é sin léi, “dul síos ar do dhá ghlúin agus baochas a bhreith le Dia nách á thógaint atá t'iníon ages na *pílears* le coir chrochta, agus mara mbeadh mise, do bheadh.”

“Cuir smacht ar t'iníon,” arsa é sin, “agus agus ná bac mise.”

¹ Bhí an méid tras-scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh in CBÉ, 967: 124-126 chomh maith.

421. *Madra an dá cháise agus seanchas eile*

[?].9.46

CBÉ, 982: 369-372

Is minic a chualaís is dócha, “d’imigh dálta mhadra an dá cháise air.”

Chuala. Cén bun a bhí leis?

Madra a bhí ann, agus d’imigh sé amach, agus cáis ina bhéal. Bhí a log amuigh. Chonaic sé an madra eile, agus cáis aige, agus má chonaic, thug sé iarracht ar an gcáis a bhí ag an madra eile a bhaint do. D’imíodar trína chéile bhuaidh¹. Deirtear é le duine a bhíonn sainteach.

*Céadtha Mhary Baile Eaglaise*²

Is mó uair a bhíonn sé sin i mbéal na ndaoine. Déarfadh fear le fear eile, “thug an duine úd chúig chéad punt dá iníon chríonna, agus cheithre chéad punt don tara hinín.”

“Thug mhuis,” a déarfadh an tarna fear, “céadta Mhary Bhaile Eaglaise.”

Bean ab ea Mhary [sic] Bhaile Eagailse a bhíodh ag siúl roimpi, bean bhocht, agus bhíodh céad punt á gheallúint dos nach éinne aici.

An gcualaís riamh ná raibh sé ceart clúmh éanlaithe fiaine a chuir i dtocht ná i bpilliúr?

Chuala nár c[h]eart aon chlúmh a bheadh ar éan fiain a chur i bpilliúr, clúmh na bhfoipíní, ach go háirithe, ach mar sin féin, bhíodh an clúmh á úsáid acu. Éanlaithe farraige a dh’fhaighidís sa líonta. Níidís an t-éan sa bhfíoruisce chun an tsáile a bhaint as, agus chuiridís ag tiormú é, agus phriocaidís é, agus chuiridís i dtochtanna clúimh é. Bhí bean i mBaile na nGall, agus deireadh sí leis an gclann iad san a thabhairt chúichi, agus dhein sí tocht clúimh dóibh. Ní fhéadfadh sí aon ghé a bheith aici.

An rabhais ag an mairtíneach i Léim Fhir Léith³ ó shin?

Bhíos. Dúirt se liom go raibh mórán daoine ar an mbaile fadó.

Bhí dhá *familly* is dathad i Léim Fhir Léith tamall ’on saol. Níl aon lá a raghfá go Barra an Chnoic

¹ MI W167.1.

² .i., ‘Baile Eaglaise’

³ l.s. ‘Léomuirléi’ tríd síos

ná go mbeadh bruíon ann, agus níl aon lá a raghfá ar Chnoc Cathair Scoilbín ná go mbeadh bruíon ann, agus níl aon lá a raghfá go Cill Cúáin [sic] ná go mbeadh bruíon ann. D'imigh bean ó Léim Fhir Léith lá le barr feirge, agus thit an t-anam aisti, agus cuireadh anso thíos í, agus tógadh a corp, agus tugadh isteach 'dtí tig na scoile í, fhéach cad a mhairbh í, agus dúirt m'athair go raibh miasa fola agus uisce á chaitheamh amach tríd an bhfuinneog nuair a bhí an dochtúir istigh. Ní haon ionadh do ár ngarraí-ne, an ainnise a bheith air. Isteach ár ngarraí-ne, bhí an fhuil á chaitheamh.

422. *Targaireacht*

15.8.45

CBÉ, 977: 339-340

Chuala fadó riamh go raibh sé sa targaireacht, go mbeadh cóistí gan chapall ag imeacht trí Éire, agus caint ag gabháilt trí théada, agus sin rud a dúradar, go mbeadh muilleann ar gach sruth, agus leanbh ag gach garlach.

An chéad rothar agus an chéad mhótar

Do bhí Peaidí Connor a bhí anso thiar, do bhí sé thíos ar an dtaobh thíos do thig Mhuiris an Phúna ar an mbaile seo, agus do chonaic sé ag cuir cor an mháma aniar do é, cúigear nú seisear fear. Bhí uafás air. Ní raibh sé róchianradharcach ar fad. Bhí uafás air an aoirde a bhí iontu. 'Chuimhin liomsa na *bicycle*í a bheith comh hard san¹, roth bheag is roth mhór. Bhí uafás air, an deabhadh a bhíodar ag déanamh. Níorbh fhada gur ghaibheadar thairis. Sin é an chéad chuid acu a ghaibh anso. Diabhail a bhí ann a dúirt sé.

Bhí cuid mhaith ag féachaint ar an gcéad mhótar a ghaibh an treo. Is dócha go scanróidís mara mbeadh go raibh cuntas fachta acu, go raibh a leithéidí ann. Ní fada atá na mótors in aon chor ann. Bhí *repairing* á dhéanamh ar an dteampall so thíos. Bhí Cíobhánach ó Ghallros ann. Bhíodh sé thuaidh ag an sáipéal lá Domhnaigh.

“An mbíonn aon chuileachta ar an gCill agaibh?” arsa duine éigin leis.

“Ó, bíonn,” arsa é sin, “is annamh lá ná tagann *butther car*² chughainn.”

¹ An scéalaí “ag tógaint a láimhe in airde”, dar le fo-nóta ó SÓD.

² .i., ‘motorcar’ á rá mícheart aige.

423. Election *fadó*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 315-319

Election a bhí ann fadó. I dTrá Lí a bhí an vótáil. N’fheadar cé a bhí ag rith, ach tháinig Peaidí Connor¹ a bhí ar an mbaile seo isteach go dtí mo mháthair ag triall ar *flask* chun fuiscí a chuir ann. Nuair a fuair sé an buidéal:

“Sin buidéal ná raghaidh chun cinn a Pheaidí,” arsa m’athair leis.

“Canathaobh?” arsa é sin.

“Beidh a fhios agat é,” arsa m’athair leis, “más chun an Leitriúigh a ghaibheann sibh.”

D’imíodar, feirmeoirí móra, is bhíothas rompu ag an sráidbhaile thíos. Níor ligeadh thairis sin iad. Bhí seana-mhná is na haon saghas. Feamacha feamnaí is eile ag gabháil orthu. B’éigeant dóibh teacht abhaile. Bhíodar chun vótáil do Lord Ventry, nó cos² éigin le Lord Ventry. Tháinig bliain gur thit an t-im anuas ana-mhór. Do chinníodh daoine a bhíodh neamhspleách, do chinnídís a bhfeircíní go dtí deireadh na bliana. Bhí feirmeoir ar an nGarrán, is níor dhíol sé aon fheircín leis an bhliain sin. An bhliain a bhí chughainn, bhí im ana-dhaor. Bhí cúig phunt ar an bhfeircín. Do rug sé an seanim agus gach aon im dá raibh aige ’on Daingean, agus d’imigh an seanim in aonacht leis an im nua. Ní raibh aon bhaol air nuair a bhí salann air. An lá sin, bhuail m’athair le huncail do a bhí ina chónaí ar an nGarrán. Do bhí an phíp dearg aige tréis í a líonadh, pípeanna maithe móra an uair sin ann, pípeanna cré.

“Sáin gal di sin,” arsa é sin, “níor cheannaíos aon tobac fós.”

Shín sé chuige an phíp, agus ní raibh sí ach ina bhéal aige nuair a ghaibh an fear go raibh an t-ualach airgid déanta aige don im go léir chúthu. Is é an chéad bheannachadh a dhein sé an phíp a shnapadh as bhéal Mhac Uí Shé, is í a bhualadh ina bhéal féin. Seo ag caint é:

¹ “*Souper* ab ea é seo” – SÓD.

² .i., an tríú fo-chiall a luaitear leis an bhfocal ‘cos’ in FGB. Tugtar an sampla léirithe seo a leanas san iontráil: “**ní hé féin ba mheasa ach na ~a a bhíodh amuigh uaidh**, he himself was not too bad but for his hireling.” Tá sé le tabhairt faoi deara gur le hionra an fhocail amháin a bhíonn an chiall seo aige, ach go bhfuil an chiall chéanna i gceist ag an gCrimhthánach anseo le huimhir uatha an fhocail.

“Is ea, a Dhónaill Uí Shé,” arsa é sin, “is mór an magadh a dheineabhair domsa, agus do mo chuid ime, ach is breá an t-ualach atá déanta agam do.”

Lean sé don gcaint, agus tríd an gcaint, níor lig sé don bpíp múchadh fé mar a ligimse. Ach san am go dtug sé an phíp do Mhac Uí Shé, ní raibh inti ach an luatha. Chuir sé an tsráid suas do, agus níor ól sé leathghloine dho féin, ach dul abhaile leis an mullach.

“Níl aon ní inti seo” arsa an t-uncail le m'athair.

“Ab amhlaidh ná fuil seasamh maith déanta aici?” arsa m'athair leis.

“Go n-imí an diabhal ina bhóthar suas,” arsa é sin.

“Ní gá duit é a ghuíochtaint,” arsa m'athair leis, “ach féach ina dhiaidh, agus féach i gceart air mar ní chífir go deo arís é.”

“Cad ’tánn tú ag rá mar sin?” arsa an t-uncail leis.

“Tá san imithe abhaile anois,” arsa é sin, “is níl leathghloine fuiscí ólta aige, is níl blúire tobac aige i gcomhair na seachtaine, ach tá an t-ualach féna ascaill”

Do chuaigh sé abhaile agus bhí sé cnagaithe lá arna mháireach. Chaith sé a leabaidh a thógaint, agus níorbh fhada go raibh *election* i dTrá Lí. D'éirigh sé chun dul go Trá Lí ag vótáil. Do bhuail fear ón mbaile leis.

“Cá raghaidh tú anois?” arsa an té a bhuail leis.

“Raghaidh mé go Trá Lí,” arsa é sin.

“B'fhearra dhuit dul abhaile,” arsa an fear eile leis, “agus an leabaidh a thógaint mar tá breoiteacht ar iompar agat, agus a chuma ort.”

“Á mo thrua thú,” arsa é sin, “ní fheadaraís cad a leanann é seo. Dá mbeadh talamh in airde in aon áit sara fada, mo leithéidse a gheobhadh a thosach.”

D'imigh sé, ach ní fhéad sé dul chun cinn. Casadh abhaile ón sráidbhaile an lá sin iad agus deabhadh orthu. Thóg sé a leabaidh tréis teacht do, agus d'fhan sé inti, is ní mhair sé inti. Is é an cúram a bhí ar m'uncail ar maidin ag faire an Chnoic féachaint cathain a chífedh sé m'athair ag teacht 'on chomhairí. Bhí sé roimis tamall ón dtig go raibh an corp ann.

“Cad a thug an fios duit,” arsa é sin, “nach fada an saol a gheobhadh sé seo?”

“Ní raibh aon fhios agam,” arsa é sin, “ach an méid fios a thugas duitse an chéad lá. Sin é mar a dh'imeoidh gach éinne dhá shaghas. Ní raghadsa chomh fada le Cill Chuáin in aon chor,” arsa é sin, “ach fairse a chairt, agus cuirfidh mé geall go gcífidh tú fuiscí á dh'ól istigh ina chairt.”

D'fhair sé an chairt go maith is ní fada dhon mbóthar a bhí an chairt nuair a chonaic sé an obair. Thairrig an bheirt bhan a bhí sa chairt buidéal fuiscí chúthu, agus bhaineadar slogóg as. Ní chreidfeadh sé ná go raibh fios age m'athair.

Ar chualaís riamh an seana-rá?

“An té a bhailíonn go cruaidh mórchuid mór don airgead,
is caol a bhíonn a thuiseal san uaigh,
agus is annamh a luaitear paidear leis.”

Filíocht agus seanchas na n-amhrán

424. *Is fada mé ar buaireamh*¹

15.4.45

CBÉ, 968: 432-439

Bhí buachaill agus cailín ann fadó. Bhíodar ana-mhór le chéile. Ach níor thairrig an buachaill le muintir an chailín, ná ní raibh sé gustalach a dhóthain. Do thiomáineadar go Meiriceá í ón mbuachaill, ach tréis í a dh'imeacht, do dhein an buachaill amhrán, agus déarfadh aon duine gurb í an cailín a dhein é. Do tháinig dream ó Mheiriceá ansan. Do mhúin sé an t-amhrán dóibh. Do scaoileadar san an t-amhrán ar fuaid na háite, agus ligeadar amach gurb ón gcailín a dh'fhoghlaimíodar thall é. Chualaigh a muintir an t-amhrán. Do chuireadar fios aríst uirthi, agus do fuair sé le pósadh í. Tosnóidh mé an t-amhrán.

“Is fada mé ar buaireamh,” arsa í sin, “is mo ghrua fliuch gach lá,
ag smaoineamh go huaighneach d'uair is do thráth,
ó seoladh mé bhuitse go ruachnoc mo cháis,
gurb é do chúilín fionn gruaige do ruaig mise id ghrá.

Grá cléibh a thugas féin duit a thréanfhir ar dtúis,
dom buachaillín tréitheach tais néata dheas chiúin,
a dhá mhalainn chaola, bhíodh t'éadan gan aon tsmúit,
do ghrua mar na caortha a d'fhág go tréithlag mé id chumha.

Is tréithlag a bhímse nuair a chuimhním air siúd,
le tamall fé aoibhneas a bhíos sínte ina chlúid.
Barróg óna c[h]roí orm, agus a lámh dheas fím chúl,
nárbh fhada liom lá is oíche a bheinn ar leaba lem riún.

¹ c.f. CBÉ, 1490: 652-654 mar a bhfuil an bunleagan den amhrán a thras-scríobh Seán Ó Dubhda agus a chuir Breandán Mac Gearailt i gcló níos déanaí in *An Blas Muimhneach II* (2010: 235-236).

Ar leabaidh nuair a théimse, is bog braonach a bhím,
ní fhéadaim codladh a dhéanamh, ach néal gan aon tsuim,
ag cuimhneamh ar mo chéile, a bhíodh taobh liom ina luí,
anois faid mo ghlaio bhuam, is mé im aonar im luí.

Do luífinnse féin leat, is ní shaorfainn é siúd,
do dhéanfainn leat *pleasing*¹, agus meántoil do thabhairt,
gan ní ba mhéan leat do dh'éileamh á dtabhairt,
ach go ngeallfá gan bhréag dom sa tsaol so ag cur liom.

Cuir liom go dílis gach oíche agus lá,
a bheith pósta lé dlí ceart, agus cead síneadh gan scáth,
do leanbh óg taoibh liom is mo [chín ar an tál]²,
do phreabfadh mo chroí istigh le hintinn dá bharr.

Sin barr do bhí agat, is gach pointe dhá n-áireoinn,
foghlaim, agus intleacht, rince agus ceol.
Meabhair ghlan do bhí agat, agus slí mhaith i bpól³,
chuin ban óg a chlaíochtaint, is díobh mé dar ndó.

Dar ndó ní grá ráithe a thugas-sa dhuit ná grá mí,
ná grá a scarfaidh inniubh ná amáireach ná go brách as mo chroí,
ach má tá sé le rá liom gur thugas grá d'fhear sa ríocht,
ach do bhuachaill chiúin tláith, agus ní náir domsa é a mhaíomh.

¹ I.s. 'plasing', foirm a chuireann foghraíocht an Bhéarla Ghaelaigh in iúl.

² Bearna fágtha sa téacs ag SÓD anseo. "Do chín ar an tál" atá le fáil i leagan Sheáin Uí Dhubhda CBÉ, 1490: 652-654.

³ "Ní raibh a fhios ag Seán Criomhthain d'aon bhrí a bhí le 'i bpól'" – SÓD.

Do maíodh ar a chéile sinn bog óg gan chiall,
do maíodh a thuilleadh ort a léifinn darbh éinní leat iad,
á mhaíomh ar a chéile, tá an saol so fós riamh,
a riúin searc ná tréigh mé 'chionn mo théarma seacht mblian.

Seacht mblian a tháinig, is mé i ngrá leat gan bhreág,
I gan fhios dom chairde, is ní shaorfainnse é siúd,
tabhair domhsa spás beag chun mo chás díbh a léamh,
is go bhfaighimídne grásta, is a bheith páirteach ón gcléir.

Do bhí m'athair ag rá an amhráin sin lá, gan éinne istigh ach é fhéin, d'fhonn an aimsir a chiorrú dho féin, ná beadh sé ag cuimhneamh ar na báiseanna go léir a bhí imithe. Do ghaibh fear siúl isteach, agus do sheasamh sé ag an ndoras. Nuair a bhí an t-amhrán críochnaithe aige:

“B'fhearr liom,” arsa an fear siúil, “go mbeinn istigh nuair a thosnaís é sin.”

“Mara bhfuil aon deabhadh mór ort,” arsa m'athair leis, “suigh anso ar an gcathaoir, agus tosnódsa dhuit aríst é.”

Do shuigh an fear bocht ar an gcathaoir, agus do shín m'athair a phíp chuige.

“Bí á tharrac san,” arsa é sin, “faid is beidh mé á rá.”

Rug sé ar an bpíp, agus faid is bhí sé ag rá an amhráin, níor dhearg sé an phíp. Ach nuair a bhí an t-amhrán ráite aige:

“Ní fhéadfainn an *majority* ar fad a thabhairt duit,” arsa é sin, “ar fhear eile a chuala ag rá an amhráin sin, ach idir [an] bheirt agaibh athá sé, n'fheadar ciacu agaibh go ndéanfainn rogha dho.”

“Níl aon ghuth maith agamsa,” arsa m'athair leis.

“Tá guth do dhóthain agat,” arsa é sin, “ach ní haon ghuth ar fad in aon chor an obair,” arsa

é sin, “ach an chaint a chuir blasta i ndeabhadh a chéile.”

Bhí sé¹ ar phósadh insa Leitriúch babhta eile, pósadh driothár céile dho sa Chaisleán. Bhíodh na sagairt an uair sin ar an bpósadh. Do bhailidist airgead ar an bpósadh. Costas mór ab ea dul ar phósadh an uair sin. Do bhailíodh beirt, do bhailíodh cócaire. Ní gan dua ag dul ar phósadh. Níor mhór do dhuine a lóipíní a dh'fháscadh go maith air féin. Ach do bhí sé ar an bpósadh. Ba é an chéad bhailiú a deineadh bailiú an tsagairt paróiste. Nuair a thug m'athair an síntiús bhuidh:

“Cad as tusa?” arsa é sin.

“Óna leithéid seo dh'áit.”

“Ó is ea,” arsa é sin, “ó dhúthaigh na súpanna,”

“Is ea go díreach,” arsa m'athair, “is é a chloisinn iad á rá gur mó a bhuais-se leo ná mise.

Deiridís liom gur mó hata maith a dhein t'athair dóibh.”

Mac do haitéirí ab ea an sagart paróiste. Bhuail sé a cheann fé, is níor fhan aon fhocal aige. Nuair a ghaibh bailiú an *coadjutor* timpeall ansan, do ghaibh an sagart paróiste in aonacht leis, agus an rud céanna a thug sé dhon *gcoadjutor*.

“Canathaobh,” arsa é sin, “gur thugais oiread do so is thugais domhsa?”

“Buachaill aimsire is ea é seo,” arsa é sin, “atá fé dhrochmháistir, agus buachaill aimsire is ea mise, atá fé mháistir maith. Á mbeadh a fhios aige go bhfaighinn aon tarcaisne bhuitse, ní bheinnse ina lúib, agus níor ghá dhom é a dh'fháilt.”

“Well now John,” arsa an sagart óg, “what do you say?”

Ach bhuail sé a cheann fé. Níor fhan focal aige. Bhí *punch* á dhéanamh sa tseomra, na saoithe móra ar fad bailithe suas ann. Do glaoth ar m'athair suas. Dúirt sé ná raghadh go raibh cuileachta a dhóthain sa chistin. Bhí buachaill muinteartha d'fhear an tí, bhí sé sa chistin, is níor chuir glaoch in aon chor air.

“On diabhal,” arsa é sin, “gur gránna í an bhochtánacht,”

“Ó,” arsa m'athair leis, “níleann sibh bocht úr ndóthain fós.”

¹ .i., an t-athair.

Rug sé ar *jug* mór, agus do chuaigh sé go dtí an gcathaoir a bhí ag déanamh an *phunch*. I mBaile an Rannaigh a tógadh, agus a beathaíodh í, ach do bhí sí ina máistreás scoile thíos insa Leitriúch.

“Cuir braon ansan chugham,” arsa é sin léi.

“Thá cuileachta do dhóthain anso thuas,” arsa í sin.

“Tá mo dhóthainse do chuileachta,” arsa é sin, “in aon áit. Cuir braon ansan.”

“Tair aníos,” arsa í sin.

Chuaigh sé in airde ar an mbord.

“Tá mo bhord salach agat,” arsa í sin.

“Ba dhóichí duit a bheith ag priocadh bhairneach,” arsa é sin, “i gcladach Bhaile an Rannaigh ná a bheith ag déanamh *punch* anso.”

Is ea, bhí gach éinne ag fáilt clabhta bhuaidh. Riar sé an *jug*, agus do shéid an buachaill muinteartha suas amhrán. Shéid beirt acu suas é in aonacht. Ní fada a bhí éinne sa tseomra. Bhailíodar ar fad anuas ’on chistin.

425. *Bhí pósadh i nGeaililí*¹

[?].11.46

CBÉ, 982: 22-25

Bhíos age Michil Sheáin Uí Shé i gCathair Scoilbín istoíche Dé hAoine, agus dúirt sé liom go ndeir sé amhrán nach aon Oíche Nollag:

“hOcht c[h]éad déag fáilte,
naoi n-uaire agus fiche,
roim mhac Dé na glóire,
agus na Maighdine Muire.”

Dh'fhiarthaíos do an raibh an nós san ag éinne eile, agus dúirt sé liom ná raibh. Chuala m'athair á rá. Deireadh sé gach aon oíche Nollag í i dtosach na hoíche nuair a bhíodh an bia ite, agus é suite ar an gcathaoir taobh na tine. Dhé, is minic a deireadh sé í, ach deireadh sé gach aon oíche Nollag í. Bhí tosnú eile age m'athair uirthi.

“Bhí pósadh i nGeaililí, agus bhí rí na ngrást ann i bpearsain,
do bhí ann agus a mháthair, agus ba róbhreá í an bhainis,
an chuileachta a bhí as cionn an chláir ann,
[?]².

Do bhí an fíon orthu in easnamh,
agus an t-uisce a cuireadh sna hárthaí,
ba róbhreá í le blaiseadh.”

Bhí deireadh na dí ólta. Bhí an mhuinín ag an máthair as.

“Is mór an trua,” arsa í sin, “a leithéid do chuileachta bhreá a bheith rite amach as deoch.

“Níor tháinig m'uainse fós a mháthair,” arsa é sin.

Ach d'ordaigh an mháthair na hártais tí a líonadh aríst d'uisce. Do líonadh, agus nuair a chuathars á riar, an té a bhí á riar, d'ól sé féin braon do ar dtúis.

¹ Tá taifeadadh fuaime d'fhocail an amhráin le fáil ag <https://goo.gl/ftpdPg>.

² Bearna fágtha ag SÓD sa téacs.

“Canachthaobh,” arsa é sin, “nách i dtosach a tugadh amach an chuid is fearr don ndeoch?”

Níor ól éinne riamh a leithéid le breáthacht. Cad é siúd a dúrt, “an t-uisce a cuireadh sna hárthaí, ba róbhreá í le blaiseadh.”

“Do thug sé é sin díbhse le n-umhlaíocht dá mháthair,
thug sé díbh é le greann is le grá di.

Bíodh muinín go deo agaibh, agus dóchas gan faillí,
roimh fuil rí na glóire, bíonn á dh'ól as an gcailís.

hOcht céad déag fáilthe, naoi n-uaire is fiche,
roimh mhac Dé na glóire, agus na Maighdine Muire.
Do thuirlic ina broinn ghlórmhar, ina Dhia, agus ina dhuine,
is gurb¹ í oíche Nollag mór do tháinig rí ceart na ríthe.

hOcht lá ina dhiadh san, go nglaoid siad Lá Coille air,
i dteampall na tríonóide mar a ndoirteadh an fhuil mhilis,
á chuir in úil dóibh siúd gur scéal é a bhí chuige,
ag fulag na daorpháise, is ag iompar na croise.

D'ardaigh an mhaighdean ghlórmhar an leanbh Íosa chun leapa,
ní raibh comhartha ina thimpeall, ná síodaí mar bhrath air,
sa chré chuí nuair á síneadh mínchnis rí na n-aingeal,
d'aiséirigh sé arís, agus do thóg an líog mhór ó thalamh.

Le *power* Dé, agus a ghrásta, tá ár bhfágáil sinn mar sin,

1 l.s. 'go ba'

is fanfaidh sí sa chló chéanna go ndéanfaidh an spéir lasadh,
go seinnfear an galltrumpa, agus go n-éireoidh na mairbh,
beidh an rí ceart ár n-éisteacht ar t[h]aobh cnoic, lá an chatha.

Cuirim in achainí go cruaidh chughat, a rí gheal na Naomh,
gan sinn do ligeant le Liútar ná le *Lucifer*¹ claon,
nuair a sínfear ar ár gcúl sinn insan úir ag tabhairt an fhéir,
go dtugair slí dhúinn gan cóngarach i gcúirt gheal na Naomh.

Is é mac Dé na glóire mo stór gheal gan dabht,
im chroí, agus im anam, níl aon ionadh liom ann,
mar do dhoirt sé an fhuil ghlórmhar, ár saoradh insa chrann,
an tsleá nimhe trína chroí, is an choróin a spíonadh ar a cheann.

Is é mac Dé na glóire mo stór gheal mo chroí,
im chroí, agus im anam, is níl aon ionadh liom tríd.
Dathad lá a bhí sé ag siúl sa bhfásach, agus an dream smál ar a thaoibh
tháinig Iúdas malaithe fé thóin, agus an rí ghlórmhar do dhíol.

¹ l.s. 'Liosufur'

426. *Caoineadh Father Eoghain*¹

[?].1.48

CBÉ, 1035: 303-313

A dhochtúir diachta, mo dhoilíos cléibh tu,
tu a dhul fé liaga go cloíte féinlag.
Is biolusa [sic]² an teampall, agus gan dabht an réilteann,
a shípeir dhílis arbh fhíor dá thréada.

D'imigh ár laoch, mo léan róluath bhuainn,
ag moladh na tríonóide, agus a ghlóire suanmhar,
lá Pheadair agus Phóil is ea a gheobhaidh sibh a thuairisc,
go ndeaghair fén gcoróin go deo gan buaireamh.

Lá do mhairbh, do bhí anaithe ar dhaoinibh,
is ar na céadta pearsa, do bhí i dtaisteal na slí leat,
romhat, id dheabhaidh, insan ród, id choinleacht,
ag gol go díomáúil, agus go hard id chaoineadh.

Lá laoch a charaim go hatuirseach céasta,
daill, mairtínigh, agus mná críonna aosta,
na leanaí dealbha go dteastaíodh dá mbéile,
théadh an t-athair dílis ar an mbinse ag plé dhóibh.

Lá chaismirt an ghleoidh ar bord, mí ar binse,

1 “An tAthair Eoin Ó Súilleabháin a bhí sa Daingean” – SÓD.

2 “Níor thuig Seán Criomhthain féin an focal so. ‘Biolusa,’ ar seisean, ‘pé brí tá leis’” – SÓD. Dar ndóigh tá an focal ‘biolar’ ann, cé nach róshoiléir ón gcomhréir an é nó nach é an focal sin a bhí i gceist.

is ciúin is is tlácht a bhíodh dream a dhíoltais,
nuair a chloisidís an ceol ag an leon dhá dh'insint,
go raibh teampall Pheadair ar an gCarraig nár scaoilteach.

Níl aon cheathrú eile agamsa dho. Nuair a chuaigh m'athair críonna go Meoraice, chuaigh sé isteach go Castle Garden, Oileán an Choraintín. Bhí sé ag siúl timpeall, is bhí ana-thart air. Chonaic sé an fear so ag máirseáil, agus d'fhiarthaigh sé dho cá bhfaigheadh sé braon uisce le n-ól, go raibh ana-thart air. Bhí a fhios aige sin gurb Éireannach é. D'fhiarthaigh sé dho gadé an áit in Éirinn gurb as é. Dúirt sé gurb ó Chiarraí.

“Gadé an áit i gCiarraí?” arsa é sin.

“Má chualaís trácht thairis an nDaingean riamh,” arsa é sin.

“Do chuala go maith,” arsa é sin, “gadé an sagart paróiste atá insa Daingean anois?” arsa é sin.

“Ní áirímid go bhfuil aon tsagart paróiste ann,” arsa m'athair críonna, “ó cailleadh an duine uasal Father Eoghain.”

Rug sé ar láimh air.

“Á my!” arsa é sin, “mac uncail dom ab ea é.”

D'ardaigh sé leis é isteach i pé saghas tí a bhí aige. Bhí gach aon tsaghas dí ansan aige, branda is fuiscí, is fíon, is pé deoch ba mhaith leis. Istigh i sáipéal an Daingin a cuireadh Father Eoghain. Bhí driotháir do ann nuair a bhí sé á chur. Bhí *caroline* nódh air. N'fheadar an raibh sé ina shagart nó ná raibh. Thit an *caroline* síos 'on uaigh. Bhí duine éigin chun é a thógaint aníos. Dúirt sé gan badaráil le é a thógaint. Fágadh ansan é. Chloisinn m'athair á rá gur mhór an scanradh an lá a bhí Father Eoghain á chur. Bhí muintir an phúrhamhais go léir ann in airde ar na clathacha, agus 'mhór an scanradh iad ag gol. Chorróidís na clocha a dúirt sé. An tsráid amach a ghaibh an corp. D'fhág sé an sáipéal agus Sráid na nGabhar amach, agus an bóthar ard anuas trí Bhaile an Mhuilinn, agus Bun an Chaladh soir, agus Bóthar an Ghoirín suas, agus bhí corp istigh i sáipéal an Daingin, agus an tsráid

lán do dhaoine lasmuigh dhon sáipéal fós nár fhéad a gcos a chorraí chun aon choiscéim a thabhairt sa tsochraid. Is dócha nár caointeadh¹ aon tsagart riamh comh mór leis. Bhí sé ann nuair a bhí na súpanna in airde lán, agus aimsir an Drochshaoil, agus n'fheadair éinne ach an méid déirce a thairrig sé go dtí daoine bochta. Bhí sé i gcónaí ag obair i gcoinne na Sasanach dóibh.

Bhí sé lá thoir i dTig na Cúirte i dTrá Lí, agus cloisim go bhfuil mórán staighrí ag dul in airde go dtí an mbinse ann. Níor chuir sé aon chos ar aon staighre acu ach dul glan do léim ar an mbinse. Níor fhan aon fhocal ag éinne istigh. Bhí m'athair críonna agus mo mháthair chríonna dhá uair i Meoraice. Bhí cuid dá chlann mhac thall roimis nuair a chuaigh sé sall. D'fhágadar m'athair anso i mbun an tí. Faid a bhí m'athair críonna thall, bhí na driotháracha ag scríobh 'dtí m'athair an áit seo a dh'fhágaint, agus teacht go Meoraice, agus sin é a thug anall m'athair críonna an chéad uair. Bhí eagla air go mbogfadh an dream thall m'athair. Tháinig sé anall chuige.

“Ná bogaidís tú,” a dúirt sé, “go dtí go dtiocfaidh tuairisc bhuamsa féin chughat.”

Sin é a thug anall é, agus ní raibh sé sásta. Dh'imigh sé aríst. Dhá bhliain is dóigh liom a bhí sé ann gach aon turas. Bhí gadhar bán aige nuair a imigh sé an chéad uair. Ana-ghadhar agus bhí driotháracha céile do ar an nGarrán Theas, agus thugadh m'athair críonna laethanta ar an nGarrán, agus bhíodh an gadhar in aonacht leis. Nuair a dh'imigh m'athair críonna go Meiriceá ansan, thugadh an gadhar turas formhór gach aon lá ó dheas ar an nGarrán ag lorg m'athair críonna, agus an oíche a thánadar abhaile, an seana-mhám anuas a bhí sé nuair a léim an gadhar aniar sa drom air. Nár dhiail an fios a bhí ag an ngadhar. Agus níl crú ná slabhra a chaillfeadh an capall ná go bhfaigheadh sé é, agus thabharfadh sé leis é. Bhí púitse age m'athair críonna turas go mbíodh blúire tobac istigh ann. Is annamh a bhíodh píp aige, ach chuireadh sé blúire féna fhiacail. Chaill sé an phúitse. An méid siúil a bhí déanta sa gharraí maidin aige, shiúláigh sé é. Ní bhfuair. Ach d'fhiarthaigh m'athair do cad a bhí sé ag lorg.

“Mo phúitse a chailleas,” arsa é sin.

“An raibh puinn inti?” arsa m'athair

1 .i., 'caoineadh', faoi anáil na haidiachta 'caointeach', b'fhéidir.

“Blúire tobac,” arsa é sin, “agus ’chuma liom mar gheall air, ach an phúitse féin a mheasa liom.”

Bhí an gadhar istigh. Do bhuail an gadhar amach. Ní raibh leathuair a chloig ann nuair a bhuail sé isteach, agus an phúitse ina bhéal aige. Do dhein aníos, agus do shín chuige é.

Ó Chorcaigh a sheol m'athair críonna nuair a bhí sé ag dul go Meoraice. Bhí sé i bhfad ag dul ann. *Steamer* a bhí aige. Bhí uncail dom ag teacht anall ó Mheoraice babhta, bhí cailín ó Belfast in aonacht leis ar an ártach. Bhuail sí breoite, agus bhí sí an-olc breoite. Ní mór ná go raibh sí caillte. Buaileadh crann uirthi í a chaitheamh i bhfarraige. Dúirt m'uncail má caithfaí amach í go dtabharfadh sé chun cúirte gach aon duine acu nuair a raghaidís i dtír. Ligeadh di féin, agus nuair a bhíodar cúpla lá ón dtalamh, bhí sí ag dul i bhfeabhas, agus bhí sí go maith sarar bhuaileadar port. Pé seachrán a rug ar an ártach, isteach i mBelfast a tháinig sí. Tháinig m'athair i dtír. Ní raibh sé ach ar an gcé nuair a rug beirt fhear ón áit air.

“Seasaimh,” arsa iad san.

“Á mbeinnse i m'áit féin,” arsa m'athair, “ní bheinn ag iarraidh oraibhse seasamh.”

Ghreamaíodar suas é. Bhí an cailín seo laistiar do. Do scread sí, an cailín. Cé a bheadh ann ach a huncail. Do tháinig a huncail, agus do scoir sé m'uncail bhuathu. Thug sé leis 'dtína thig féin é, agus chaith sé cúpla lá ann, agus chuir sé go dtí an dtraein é nuair a bhí sé ag fágaint chun teacht abhaile. Ní maith iad muintir Bhelfast.

An gcualais riamh gadé an bun a bhí le “fé mar thugais an choinneal, tabhair an t-órlach”?

Fear éigin a thug é fhéin suas ar chúrsaí éigin don mbuachaill críonna ab ea é sin, agus is é an spás a fuair sé ar deireadh faid a bheadh coinneal ag caitheamh. Bhí an choinneal caite go dtí órlach, agus chaithfeadh sé imeacht nuair a bheadh an coileach glaoite¹. Bhí a fhios aige féin go raibh sé ag déanamh air.

“Tá sé in am againn a bheith ag imeacht,” arsa an buachaill críonna.

¹ c.f. ATU 960 C – tá codarsnacht idir móitíf an aiséirithe, a thuigtear de ghnáth as glaoch an choiligh sa bhéalóideas go hidirnáisiúnta, agus “bás na coinnle” sa mhír seo.

“Á,” arsa an fear eile leis, “fé mar thugais an choinneal, tabhair an t-órlach.”

Bhí órlach don gcoinnil gan caitheamh. D'fhan sé, is dá bhfanfadh sé ó shin, ní bheadh an t-órlach caite.

Dheineadh Father Eoghain breis déirce a tharrac go dtí an gceantar, agus bhí na Sasanaigh go léir ina choinne mar gheall ar an gcreideamh. Nách mór na *gleams* a chuireann an té is fearr ar d[h]aoine. Bhí m'athair ag obair ar na¹ Board of Works. Tháinig lá *stations*, agus chuaigh sé go dtús na *stations*, agus níor dhein sé aon mhoill ach cur do, agus bhí sé ag déanamh ar an obair nuair a bhí na hainmneacha á ghlaoch. Bhídís tamall ag obair sara glaoití na hainmneacha is dealraitheach. Duine dhos na súpanna a bhí mar *bhoss* ann. N'fheadair sé ná go raibh m'athair ann ó thosach.

“Anois a thána,” arsa m'athair leis.

“Cá rabhais?” arsa é sin.

Nis sé dho, agus á mba áil leis leathscéal éigin a thabhairt, do bhí na héinní go maith.

“A dhiabhail,” arsa é sin.

Buaileadh ceathrú lae² air, agus gach aon mhaidean i rith na seachtaine, cuireadh ceathrú lae air. Dhá thistiún is ló a bhíodh dóibh. Ní bhíodh barra an lae ansan age m'athair ach réal. Nuair a tháinig an Satharn, bhí beirt acu ansúd ag comhaireamh an airgid, ag tabhairt a thuarastail féin dos gach éinne. Chomhairíodh duine acu an t-airgead ar dtúis, agus chomhairíodh an duine eile ina dhiaidh é. Shroich coróin m'athair, agus ní raibh ag teacht chuige ach trí scillinge. Nár mhór na *gleams* a chuireadh ar an mbeirt. Dúirt sé leis an sagart ina dhiaidh san é, agus dúirt an sagart leis ná raibh sé ceart aige é a thógaint. Agus deireadh m'athair nár oibrigh sé aon tseachtain riamh comh cruaidh leis an seachtain sin. An bóthar so siar, agus go Cnoc an Bhróigin, a bhí á dhéanamh, agus chaithfidís a bheith ann sara mbeadh aon phioc do sholas an lae acu, agus ní gheobhaidís fágaint go gcuirfeadh an doircheacht as iad ar dhá thistiún is ló.

¹ Tá sé spéisiúil gurb é an t-alt iolra a úsáideann an Criomhthanach anseo i dtaca le cnuasíolra uatha seo an Bhéarla.

² “Chiorraigh sé pá ceathrú lae é”, dar le míniú ó SÓD in §388 | CBÉ, 968: 183-187. Tá míniú níos iomláine ag an gCriomhthanach féin ar nath cainte seo in §414 CBÉ, 1170: 170.

Ag obair ar poorhouse an Daingin

Bhíodar ag dul ó Chathair Deargáin ag gabháilt do *phoorhouse* an Daingin. Bhí fear anso thiar i gCathair Deargáin, Séamus Ó Finn, agus bhí sé ag dul ann¹. Bhí aithne agam air. Ní bhíodh do nath age Séamus ach, “nár fheicfeadsa an diabhal ná an bóthar go ngaibheann sé.” Ní raibh aon tine age baile aige, agus oíche a bhí sé teacht abhaile tréis a bheith ag obair ar an *poorhouse*, agus bhí seana-charra caite i mbearna i gCam Ga. Bhuaile sé ar dhrom é, is thug go Cathair Deargáin é. Ba neamhthuirseach an duine bocht é. Siar san oíche, bhí sé sa leabaidh é féin, agus a mhac. Bhí mórán tithe i gCathair Deargáin san am san. I lár na hoíche siar, chuala sé glór na cairte ag imeacht timpeall. Bhí an duine bocht lán d'eagla.

“Á, is a Sheáin Uí Fhinn,” arsa é sin lena mhac, “nár fheiceadsa an diabhal ná an bóthar go ngaibheann sé gurb é seo Seán Éamoinn atá ar fuaid an bhaile ag lorg an chara, ach má bheireann an mhaidean orm go gcuirfeadsa í mar a bhfuairéas í.”

Le Seán Éamoinn ab ea an seana-chara, agus bhí Seán Éamoinn marbh. D'árdaigh sé leis ar maidin an seana-charra, agus chuir sé mar a raibh sí é.

Seana-nurse a bhí ar an mbaile, agus tháinig fear éigin ag triall uirthi, agus ní raibh aithne na háite aige, agus bhí sé ag imeacht ó pholl go poll é féin sa chairt féachaint an bhfaigheadh sé í.

Bhí *poorhouse* i gCnoc na hAbha fadó, agus i gCeann Toirc² pé áit go bhfuil sé. Chloisinn lucht siúil ag cur síos ar *phoorhouse* Cheann Toirc. Bhí fear thíos ar ché an Leitriúigh fadó, agus is dealraitheach go raibh sé go maith as. Is dócha gur chualaís Seán Jack ag eachtraí air nuair a bhís thíos ann. Bhíodh sé á thórramh féin go minic³. Bhailíodh daoine isteach sa tig chuige, agus bhíodh sé féin suite ar an mbord, bhíoch deoch siar síos aige le tabhairt dóibh. Bhí sé ar siúl tamall maith, agus sa deireadh chonaiceadar an fear dubh ann, agus bhí deireadh leis an dtórramh ansan. I

¹ Bhí a thuilleadh seanchais ar Shéamus le fáil in §341 | CBÉ, 968: 23-26 agus §342 | CBÉ, 936: 553-555.

² I dtuaisceart Chorcaí dar ndóigh atá Ceann Toirc.

³ c.f. §328 | CBÉ, 968: 194-195 mar ar tiomsaíodh mír ar fad don méid seo seanchais.

bpoorhouse Lios Cearna a cailleadh an fear san as an airgead ar fad. Bhí deireadh leis an dtórramh. Níor chuala aon chur síos ar *poorhouse* Cheann Toirc, ach bhíodh áireamh age lucht siúil a ghaibheadh anso air.

***Dónall na nGeimhleach*¹**

Nár dhiail an solas a bhí ag an gclaíomh a bhí age Dónall na nGeimhleach. Bhí fear ag dul go Corcaigh babhta le im. Bhí dhá fheircín ime i ndrom a chapaill aige, agus bhí an oíche tite go domhain air nuair a bhí sé timpeall Loch Léin. Chonaic sé tig breá ar thaobh an bhóthair, agus é lasta suas go bréa. Nuair a tháinig sé comh fada leis an dtig, thánathas chuige, agus tógadh an dá fheircín anuas don gcapall, agus cuireadh i gcimeád iad, agus cuireadh an capall ar stábla, agus chuaigh sé féin isteach sa tig. Bhí an bia ligthe amach ar an mbord. Shuigh sé chun an bhoird, is d'ith sé a dhóthain. Nuair a bhí a dhóthain ite aige, d'fhéach sé timpeall an tí, agus chonaic sé an claíomh ar lasadh. Chuaigh sé 'dtí an gclaíomh, agus thairrig sé amach tamall é. Bhí an solas ag méadú fé mar a bhí sé á tharrac. Ligeadh glam air. Sháigh sé isteach aríst é, agus mhúch an solas.

“Ó, léan ort,” arsa an guth, “nár thairrig é, bheadh an draíocht bainte dho Dhónall.”

Thit a chodladh air. Nuair a dhúisigh sé ar maidin, bhí sé ar crith leis an bhfuacht. Ní raibh tig ná éinní eile ann, ach é ina chodladh anuas ar an bhféar glas, agus an capall ag ithe in aice leis. B'éigeant do glaoch ar chabhair chun na bhfeircíní a chuir ar an gcapall aríst. Bhí draíocht éigin ar Dhónall timpeall Loch Léin.

¹ “Tá cáil mhór ar Dhónall na nGeimhleach sa bhéaloideas, agus d'instí cuid mhór scéalta sí faoi. Ní fios cérbh é go díreach, ach bhí laoch mór de chuid na nDonnchúch Mór, .i., Donnchúigh Loch Lein, ann san 11ú céad, Dónall Mac Dubh-dá-Bhoireann. Throid sé i gcath Chluain Tairbh, agus maraíodh i 1015 é. Ní raibh aon Dónall eile mar thaoiseach ar an sliocht seo... Rud bunúsach sa scéal is ea an ceannaire, nó saighdiúir eile, nó na saighdiúirí go léir le chéile, a bheith ag fiafraí an bhfuil an t-am ann fós,” a scríobh Dáithí Ó hÓgáin i leith an scéil seo. De réir dealraimh go mbíodh ceist dá leithéid seo nó iarsma di ag baint le formhór na leaganacha den scéal seo a bailíodh, ach go bhfuil sé in easnamh ar leagan seo an Chriomhthanaigh (Ó hÓgáin, 1976: 234). Móitíf eile atá san easnamh ar an leagan seo den scéal, arsa an tÓgánach, ná Dónall na nGeimhleach a bheith ag déanamh airgid amach as duilleoga an duine a chastar air (1976: 230). “Ní fheadair éinne conas breith ar Dhónaillín na nGeimhleach” a bhreithnigh Séamus Barra Ó Súilleabháin in *Beatha Dhomhnaill Dhuibh* (Ó Súilleabháin, 2016: 24).

427. *An seandúine agus an bhean óg*¹

25.2.45

CBÉ, 968: 38-41

Bhí seandúine ann fadó, agus do phós sé bean óg, agus má phós, ní mór an meas a bhí aici air. Ach shéid sí suas:

“A mhná na gcarad,” arsa í sin, “mo shamhail nó an trua libh,
go brónach atuirseach dubhach mar atáim,
sínte le seandúine gan tapa gan luadhar,
gan lé fáilt dá bharra agam, ach duain chanráin.

Nách ainnis an tslí dhom san oíche a bheith ag machnamh,
ar mo scaiste gan bhrí, agus le haois gur chraipligh,
in ionad fir groí do shínfeadh in aice liom,
go mb'fhiú é ar maidin, a phóg a dh'fháilt.”

“A ghrianán, mh'anamsa,” arsa an seandúine, “machnaigh más méin leat.
Gheobhaidh tú aer gach margadh ar thóin ghearráin,
seál daor dathanach greanta ar do ghlúine,
bróigín ghreanta, agus *tape* ina bráid.

Coinnill do phósta, a stór gur ghealais dom,
lé mharthain léd bheo, is gan gleo a bheith eadrainn,
ná ligfá go deo, siúl bóithre fada,
ná go trom críonna ainnis im chríondhuanán.”

¹ Tá leagan den amhrán seo le fáil in *An Blas Muimhneach II* (2010: 247-248) le Breandán Mac Gearailt a chloígh leis an mbunteideal a bhaist Séán Ó Dubhda air in CBÉ, 121 670–672. ‘A mhná na gcarad, mo shamhail, nó an trua libh’ a bhí mar theideal ag Seosamh Ó Dálaigh, ach cloítear san eagrán seo le teideal an Dubhdaigh.

“Dá gcuirfá mé i gcóiste,” arsa í sin, “ar fuaid bóithre lapaireach,
agus ór na Sacsan, i gcúil mo lámha,
níorbh aite liom éisteach lé claonta an tseandúine,
a bheadh san oíche ag cneadaigh ná ag síoramhrán.

Ach imeod go deimhin im bhadhb ar mearthal,
im gheilt ar fuaid caillthe, mara bhfágtar scartha sinn,
mar gurb é an biolar caoin cúrtha, do dhúigh mo leapa,
mo chroí gur cheangail san óigfhear bhreá.”

Labhair an seandúine aríst.

“Is mó ceann flúite,” arsa é sin, “rúin do bheidh eadrainn,
beidh rósta, agus barra againn ar uachtar cláir,
beidh an citeal ins ló fí dhó ar seala againn,
agus feoil mhin fhola lé tabhairt don bháb.

Gach oíche insa mbliain, beidh trua chun na leapa againn,
mar bharra ar gach greann, beidh daor*phunch* eadrainn,
lé tabhairt dom buíonsa¹ an ní mar a gheallas di,
a stóir ná déin go bhfaighfead síocháin.”

Do labhair an *lady* aríst.

“Do thabharfainnse *fella*,” arsa í sin, “agus é a dhíol ar an dtairne,
d'éinne a ghlacfadh an gnó as mo láimh.

1 l.s. 'bmuíon-sa'

Do chrústódh sa tsúil mo scrúile seandúine,
ní thiocfadh i gan fhios, i gcomhair é a bhá.

Do bhéarfadh á bhá é i lár na farraige,
nó a chaithfeadh 'on dígh é, is an claí do leagadh air.
Níorbh fhearr liom éinní acu ná an phíp do chnagadh aige,
ach go bhfaighfí marbh é uair roim lá.

“Tráthnóinín déanach,” arsa í sin, “cois taobh a leasa dhom,
agus mé ag déanamh mairge agus buairt thar barr,
is ea a chuala dhá luachtaint age buachaillí an bhaile seo,
go bhfuairtheas marbh é thuaidh sa pháirc.

Is geairid gur chuala á luaidreáil eatarthu,
gurb í an láir rua do bhuail is do mhairbh é,
cuir leitir ó thuaidh go dtí an mbuachaillín soineanta,
gur chuireas mo sheandúine i gCill Ghobáin¹.”

Chuir sí an seandúine i gCill Ghobáin, is do phós sí fear óg. B'shin é an lá ba phléisiúrtha. Do chuir sí isteach an chuid eile dá saol ag an bhfear óg a phós sí. B'fhearra dhi a bheith ag plé leis an seandúine. Ní bhfuair sí aon lá suainis an chuid eile dhá saol. Do chuala an méid sin.

¹ “Cill Gobáin”, gan séimhiú, atá le feiscint ar logainm.ie.

428. *An buachaill óg agus an tseana-bhean*¹

25.2.45

CBÉ, 968: 42-44

Bhí buachaill fadó ann, agus do phós sé seana-bhean, agus do bhí sé go brónach mar gheall air.

“Do gheall an chríne,” arsa é sin, “ní maith dhomhsa,
cruacha is leastar dho² leathanmhart fómhair³,
Log na gCapall mar thalamh chuig tórimh,
is tréis ar gheall, dob í an scamall í a phósadh.

Do gheall sí aríst dom síodaí is róbaí,
búclaí buí do chuir thíos im bróga,
gur binn do dhíolfadh as gach fíon a dh'ólfainn,
ach a sheanbhean chríonna, beidh do dhíth go deo orm.

Nuair a théimse féin go dtí pobal an Aifrinn,
tagann an chríne, agus suíonn sí in aice liom,
tagaid siad chugham ina gcúigir, ceathrar,
á dh'fhiathraí dhíom cad é an aois mo sheana-bhean.

Nuair a théimse féin ag romhar nó ag bualadh,
nó ar an seisrigh mar ar dhual dom,
nuair a thagaim abhaile go tuirseach tugaithe,
is í an tseanbhean chríonna do shíneann suas liom.

¹ Cloítear san eagrán seo leis an teideal a bhaist Seán Ó Dubhda ar an amhrán in CBÉ, 121: 668–670. Is é leagan Sheáin Uí Dhubhda a chuir Breandán Mac Gearailt i gcló in *An Blas Muimhneach II* (2010: 249-250).

² l.s. ‘leastura’ agus nóta ó SÓD: “N’fheadar an Criomhthanach d’aon rud ‘leastura’.”

³ l.s. “agus leathanmhart phóire”

Is tuirseach a bhímse ag luí ar mo leaba dhom,
ní tuirsí a bhím ná ag éirí ar maidin dom,
ó bheith ag síorchur shíl sa chré ná tagann sí,
faid a mhairfeam araon, ní bhréagfar leanbh dúinn.”

“Do thugais an t-éitheach,” arsa í sin, “a straeire an mhargaidh,
an síol a bhíonn caoch, i gcré ní thagann sí.
Mo thaobh deas dá sínfinn lé haon fhear acmhainneach,
bheadh lán an tí do chlaíomh á bharra agam.”

“Ó mhuisse,” arsa é sin, “an crann a chríonaíonn, ní thagann bláth air,
ní gnáthach clann age seana-bhean chríonna,
nuair a shínim síos léid ghéaga fuara,
is dóigh lém chroí istigh gur corp ón uaigh tú.

Dá mbeinnse féin ar cé Phort Láirge,
gan aon long a bheith agam ach scála,
gan aon stiúir a bheith inti ach snáthadh,
nách róbhreá a scaoilfinn mo chailleach bhuí lé fánaidh.

Nuair a chuas-sa féin go tobar an ghairdín,
do fuaireas mo sheana-chailleach, is í múchta báite.
Do thógas suas í idir mo dhá láimh.
Do leig mo chroí istigh scartadh gáire.”

429. Do thugas grá cléibh duit a óigbhean ar dtúis¹

8.4.45

CBÉ, 968: 358-362

Bhí buachaill i mbaile mór, lá aonaigh. Do bhuaill cailín leis. Do chuaigh sé chun cainte léi.

“Do thugas grá cléibh duit, a óigbhean ar dtúis,
nuair a ligeas mo shúil ar do bhánchnis,
b'fhearr liom ná mórchuid don ór athá im thrunc,
go mbeifeá sa chúinne agem máithrín².”

Do bheadh do mhacha breá bó agat tráthnóna lé crú,
do leaba a bheadh cóirithe romhat insa *room*,
chuirfinn búclaí id bhróga, luach corónach nú punt,
a stóraigh, ná tabharfá do lámh dom.”

“Ní thabharfadsa mo lámh duit go brách lé haon rún,” arsa í sin,
“mar do chuaigh go ciúin go dtím máthair³,
go bhfuair sí do thuairisc go suarach ar dtúis,
go dtógtá do thriús⁴ go tig tábhairne.

Nárbh aon ana-lón ó choróin go dtí punt,
á riaradh i dtig ósta ar mhnáibh óga gan clú,
tréis díol as fear ceoil ná beadh feoirling id phúitse⁵,
a stóraigh, cé a thabharfadh bean bhreá dhuit.”

¹ Thras-scríobh Seán Ó Dubhda leagan den amhrán seo atá ar fáil in CBÉ, 1716: 330–334 agus a chuir Breandán Mac Gearailt i gcló in *An Blas Muimhneach II* (2010: 240-242).

² l.s., 'bmáithrín'

³ l.s. 'bmáthair'

⁴ l.s. 'criús'

⁵ l.s. 'phúits'

“Ná creid is ná géill,” arsa é sin, “dos na breága atá ar siúl,
gurb annamh mo thriús¹ go tig an tábhairne,
ag caitheamh mo stóir ar mhnáibh óga gan clú,
níor fhágas riamh punt in aon láthair.

“Bhíodh a mhalairt do ghnó agam sa bhfómhar a bhí chugham,
ag baint garraithe prátaí, agus ag cur stácaí ar an mbonn,
mo mhacha a bhíodh lán do bha bána agus dubha,
is gan éinne chun iad a chrú, ach amháin mo mháthair.”

“D'imíos an cóngar sa bhóthar anonn,” arsa í sin,
“is ní fheaca in aon chúinne don sráid é.
D'imíos go buacach fé thuairim an tí,
bhí ionadh ar na daoine cá dtána.

Á faid a bhí an bóthar, ní dúirt sé liom suí,
ná bain díot do chlóca, go n-ólfainn braon dí,
ach gurbh é síor-rá na gcomharsan gurbh iontach í mo shlí,
ná a raibh leaba go luífinn go lá aige.

Bhí seana-bhean bheag thuirseach sa chúinne ina suí,
mar measaim [gurb] í siúd a mháthair,
bhí bairlín bheag shuarach anuas uirthi ón sín,
gan éinní á díonú ón mbáistigh.

1 l.s. 'chriús'

Á mhéid mar bhí dua uirthi, ní bhfuair sí braon dí,
ach caitín is uaill aige, is é ag cuardach an tí,
seanduine gruama ar fhuarma ina shuí,
gan éinní ina phíp ach é ag cnáireacht.”

“Ar maidin amáireach go moch ar an ndrúcht,
do scread, is do liúigh sí, agus dh'fhág sí.
Do fhliuch sí a cuid éadaigh lé braonaíocha a súl,
agus dúirt sí gur chuireas chuig fáin í.

Dúrtsa léi éisteacht, is déanamh go ciúin,
go raghaimíst ag díol caorach ar an aonach so chughainn,
go raghaimíst ag díol eorna go hEochail na long,
go bpósfainn ansúd í gan spleáchas.”

“Tá fear siopa in Eochail,” ar sise, “is do gheobhainn é gan dabht,
is dócha gurb é siúd is fearr liom,
tá díoltha aige as coláiste, agus ráithe atá chugham,
is dócha gurb ann a gheobhainn scoláireacht.”

D'ardaíos ar láimh í sa *lawn* a bhí cúng,
is is róghearr ina dhia' san go raibh an daor*phunch* ar siúl,
dob fhearr í chun glaoite ná éinne insa *room*,
nú gur díol sí go humhal as a dtáinig.”

Do chuas-sa ar an stáitse ag baint sásamh dom chlú,
do ghlaigh an constábla láthreach ina chúis,
d'fhanas in airde go bhfuair eas sásamh ansúd,
gur dh'fháisceas an diúc age Charlie.”

C[h]roch sí é.

430. A *fharaire cheannasaigh*

8.12.44

CBÉ, 966: 487-493

Bhí feirmeoir fadó ann, agus do bhí a bhuachaill aimsire imithe bhuidh. Bhí sé istigh tráthnóna lé luí na hoíche, agus ghaibh buachaill isteach. Sheasaimh sé ag an ndoras.

“Suigh aníos a fhir mhaith,” arsa fear an tí leis.

“Ní chun suí a thána,” arsa é sin, “thána ag lorg ionad aimsire.”

“Céad fáilthe romhat,” arsa fear an tí, “is tú athá bhuam.”

Dhein sé suas. Fuair sé bia lé n-ithe.

“Cad é an phá athá bhuaite anois?” arsa fear an tí leis.

“Níl aon phá bhuam, ach pé ní is fiú mé,” arsa é sin, “fágfaidh mé chughat féin é.”

Is ea, d'éiríodar ar maidin, agus chuadar ag treabhadh.

“An bhféadfá treabhadh a dhéanamh?” arsa é sin.

“N’fheadar,” arsa é sin, “b’fhéi’ go bhféadfainn.”

Gaibheadh na capaill isteach.

“Beir ar an gcéachta,” arsa máistir.

“Á, beir fhéin ar dtúis air,” arsa é sin.

Do dhein. Dhein sé scríob.

“Sáin domhsa anois é,” arsa an buachaill.

Do rug sé ar an gcéachta, is ní fheacaigh éinne riamh a mháistir. D’fhan an máistir ina theannta ar feadh trí nó ceathair nó sé scríobanna, agus tháinig sé isteach go dtína mhnaoi.

“Dein bricfeast maith do súd,” arsa é sin, “ní fheaca a leithéid do bhuachaill fós riamh.”

Do dhein. D’oibrigh sé go hiontach i rith an lae, agus ní fheacaigh éinne riamh a leithéid d’obair lé deiseacht. Lá arna mháireach, do fhliuch an lá. Bhí cathaoir istigh ná raibh fé¹ ach trí cosa.

“An bhfuil aon tráthar agat?” arsa é sin.

¹ Nóta ó SÓD ag an bpointe seo ag cur in iúl gur ‘fúithi’ ba cheart a bheith ann.

“Tá,” arsa fear an tí.

“Casúr?”

Lorg sé gach éinní. Chuir sé glúin sa chathaoir. Bhí seana-leaba a bhí aige a bhí titithe as a chéile. Scoir sé amach í. Dhein sé leaba nódh dhi. Bhí meadar aige a bhí ag ligeant bhuidh, is chuir sé tóin nódh ann. Ní raibh aon cheard ná raibh aige. Bhí gach aon rud aige. D’fhan mar sin. Bhain sé an ceann don dtig, agus chuir sé ceann nódh air é fhéin. Nuair a bhí an bhliain suas:

“Is ea,” arsa é sin, “tá mo bhliain suas anois.”

“Tá go díreach mhuisse,” arsa an máistir, “is mheasas ná rabhais ráithe agam. Is í an bhliain í is sólásaí a chuireas isteach riamh. Cad é an pá a thabharfaidh mé dhuit?”

“Ná dúrt leat,” arsa é sin, “go bhfágfainn chughat fhéin é.”

“An bhfuil a fhios agat cad a dhéanfaidh mé leat,” arsa an máistir, bhí gearrchaile aige, “níl agamsa ach í sin, agus féadfair fuireach tamall eile go dtiocfaidh sí san aois, geobhaidh tú an áit ar fad, í sin lé pósadh.”

“Pé ní is maith leat,” arsa e sin.

Bhí sé comh deas chun gach aon rud a dhéanamh gurb é an ainm a tugadh air “an grabaire.” Nuair a bhí an gearrchaile in aois a phósta, do chuaigh sé ’on bhaile mhór lá, agus tráthnóna, an chéad duine a ghaibh an bóthar ag teacht ón mbaile mór, ba é an grabaire, ag treabhadh ar thaobh an bhóthair.

“Mo ghraidhin tú a ghrabaire,” arsa é sin, “is ainnis athá do shaol curtha agat.”

“Canathaobh?” arsa an grabaire.

“Tá cleamhnas déanta age do mháistir inniubh léna leithéid seo dho mhac feirmeora.”

“Ní héinní é sin,” arsa an grabaire.

D’fhan sé ag obair. Ghaibh an máistir thairis agus níor dh’fhéach sé air, ach nuair a scoir sé capall tráthnóna, do thug sé bia dhóibh. Do thug sé bia dhos gach éinne. Tháinig sé isteach. Bhí an seandúine istigh, a chos ar a leathghlúin aige cois na tine. Bhí sé lán-tsásta an t-ualach airgid a bhí lé fáilt aige. Níor labhair sé leis an ngrabaire. Shuigh an grabaire as a choinnibh sa chúinne eile, agus d’fhéach sé sall air.

“A fharaire cheannasaigh,” arsa é sin, “go bhfuil an margadh so gan déanamh¹,
cé gur fada atáimse ag éisteacht, is baoth a bhí mo ghnó,
ó dheineas an tig beag bachallach don tseana-scailp seo a chlaonaigh,
an bairille, agus an *tslate*, agus gach créithre² a chuir i gcomhair.

Dheineas leaba dheas don dara ghil³ ina sheasamh ar an taobh deas,
taster léna héadan, is í léir nite i gcomhair,
an canna agus an meadar, agus an tsrathar a bhí go réabtha,
nách fada bhuaidh an méid sin, i ngléas maith im dheabhaidh.

“Éist anois a ghrabaire,” arsa an seandúine, “sara bhfeaca-sa thú in aon chor,
bhí acraí agam fhéinig a dhéanfadh mo ghnó,
do ghaibhfinn go moch i mo sheisreach ar maidin sara nglaofainn ort,
ag branar is ag réabadh, is ag réiteach, is ag romhar.

Níl agamsa ach leanbh beag, ní bhacfad í gan céile,
go dtiocfaidh sí in éifeacht san aos níos mó,
ach mara bhfuileann tú sásta lé fanacht agamsa, ag branar agus ag réabadh,
is é mo mhasla dhuit is baolach liom go leathfaí tú níos mó.”

An grabaire ansan:

“Éist anois a sheandúine,” ar seisean, “lig dod mhagadh agus dod chneáireacht,
agus seanchas ná déinse orm féinig níos mó,
mar is é a chloisimse dá labhairt go raibh ceangal ortsa féinig,
gur sine agus gur léithe tú féinig go mór.

¹ l.s. ‘déanta’

² Comhartha ceiste ag SÓD tar éis an fhocail seo. Is é a deir FGB i dtaobh an fhocail chéanna ná gur “var. pl. of criathar” atá i gceist leis, ach ní bheifí ag súil leis an uimhir iolra ar lorg ‘gach’, gan dabht.

³ Tá cúis an tséimhithe agus ciall an fhocail araon doiléir anseo.

Do thoice beag ná tabhair liom, ní ghlacfainn bhuaite í in aon chor,
stad is lig ód phlé liom, ní méin liom a sórt,
ach faigh airgead ar maidin dom, go nglanfaimíd léna chéile,
is beadsa féin gan céile ar an dtaobh eile ród.”

“Airgead,” arsa an seandúine, “ná tabhair liom, mar níor ghealas duit é in aon chor,
mar bhítaí ins gach áit, go mbíodh glaoch ar do shórt,
Thugta sealad ag goid chapaill ó Chill Dara go Cill Éadaoin,
agus faramsa a bhítaí ar *stations* ar béile agus ar bórd.

Do chaithinnse a bheith freagrach duit i hata agus i léine,
i mbróigín greanta néata, agus in éadach breá nódh.
Bhíodh mo chapall fút ag *danceaireacht* lá margaidh is aonaigh,
agus scilling ins gach aon bhall gur méin leat í a ól.

Chaith an grabaire bocht bailiú leis, agus do tháinig an cliamhain isteach go dtí an seandúine, agus níorbh fhada a réitíodar. Do bhí an seandúine amuigh ar an mbóthar lá, agus cuma dhubhach bhrónach air. Do ghaibh fear dos na comharsain chuige.

“Tá cuma ana-bhrónach inniubh ort,” arsa é sin.

“Á tá,” arsa é sin.

“Cad é seo ort?”

“M'atuirse,” arsa é sin, “mar do scaras-sa lém ghrabaire beag néata,
a bhí acmhainneach umhal éascaidh éifeachtúil ina ghnó.

D'éiríodh go moch ar maidin, as an leaba sara nglaofainn air,
ag branar, ag réabadh, ag réiteach, agus ag romhar.

Á mbeirfinn ar mo mhaide, agus é a smearadh ar fean a bhéil air,
dadamh liom ní déarfadh, ach déanamh ar a ghnó.
Ach tarcaisne ná *affront*, dá dtagrainn¹ le Séamus,
dar mo bhasa dom gur bhaolach gurb é an caolbhata a gheobhainn.

1 l.s. 'tagrainn'

431. *Mada rua Formaoileach*¹

4.3.45

CBÉ, 968: 100-105

Bhí mada rua thíos insa Leitriúch fadó, in áit go nglaoonn siad Formaoil air. Bhí pruais aige ann. Bhí coileáin aige ann. Aon lá amháin a dh'éirigh sé amach. Chonaic sé stróinséirí tagaithe timpeall, agus iad ag tomhas *engineerithe* a bhí tagaithe thar teorainn chun tig móir a thógaint do t[h]iarna talún. Tháinig sé isteach go dtína chlann.

“Is baolach,” arsa é sin, “go bhfuil tóir éigint chughainn. Tugaídh aire dhíbh fhéin nú go dtiocfadsa aríst, go raghaidh mé ag soláthar áit éigint eile dhíbh.”

D'imigh sé air. Níor stad sé go dtáinig sé go Com an Lochaigh. Chonaic sé mada rua ansan, is é sínte lé gréin ina chodladh go breá.

“Is dócha,” arsa é sin leis féin, “gur sámh an saol athá agatsa sochas mise. Is beag a chodladh a dh'fhéadfainn a dhéanamh.”

“Dia dhuit,” arsa é sin, “ardaigh agus labhair liom, nú conas 'tánn tú ó ráingíomair sa ghleann so?

Eachtródsa dhuitse mo chlampar lé meabhair mhaith, agus suímíst, ó ráiníomair sa ghleann so gan beann ar ár n-íde.

Do dh'ardaíos mo chlann liom do bhreabhaid go Formaoil síos, mar a bhfeaca Liam ramhar mé, is mé ag damhas leo lá is saoire.

¹ Tá leagan den amhrán seo leis ag Seán Ó Dubhda in *Duanaire Duibhneach*. “San am go raibh mór Hickson, tiarna talún, d'á shíneadh amach i bhFormaoil sa Leitriúch,” arsa é sin, “d'éirigh an mada rua amach as a phruais a bhí os cionn na háite, agus nuair a chonaic sé na céardaithe ag tóimhas láthair an tí, dúirt sé leis féin go raibh sé comh maith aige a bheith ag imeacht leis as an áit. Chuaigh sé isteach, is d'inis sé an scéal dá chlann. D'imigh sé ansan ag cuardach áite nár bhaol dóibh ann, is do bhain sé amach Com an Lochaigh atá ag bun Chnoic Bréanainn ar an dtaobh thiar theas. Do bhuail mada rua eile leis ansan agus é sínte siar dá ghrianadh féin go breá sámh, in airde ar bhinse gan aon eaglais air. Do labhradar le chéile fé mar atá sa dán. Deirtear go m'bhféidir mar G[h]ael bocht a bhí ar teitheadh atá sa scéal, agus gur samhlaíocht é. Bhí Carraig Formaoileach ainmnithe mar ionad do bhithiúnaigh is do 'bhuachaillí diomhaoine'. Níl tuairisc ar cé a cheap an dá. Do mhair a lan filí timpeall na háite sa tseanaimsir. Dob é an file Husae an té ba mhó clú orthu, ach níl deimhin ann gurbh é a chum é seo. Dhealródh sé gurbh é an file céanna do cheap ‘An caoineadh a dhein an puiscín dá mháthair’” (1933: 114-117). Bhailigh Seán Ó Dubhda leis leaganacha den dán seo ó Sheán Mac Criomhthain, c.f. CBÉ, 1716: 116-121 agus CBÉ, 1717: 116-120.

Lá saoire i mbliana, is mé ag fiach cois na duimhche,
do mhairíos coinín breá bríomhar, agus do bhíos ag triall go dtím chlainn léi.
Bhí bróg orm ag iascaireacht, fiach dubh agus faoileán,
trí liú a bhí acu im dhia'sa, siúd é siar é, agus droinn air.

Mo dhroinn dom go mb'éigeant mé a thréigint gan moill,
nuair seo Spanker im dhéidhse, Buke, Léire, agus Síle.
Do sciúirdeas trí craochaibh ag éalú ar mo dhícheall,
mar gheall ar mo chéile a bhí ag géarghol im thaoibhse.

Ar mo thí-se atá an saol so, Maidhc Sé is a dhaoine uaisle,
Aindrias Ó Sé, Ó Daoda, agus ar ghluais leo,
nú gur casadh Ó Néill orm, agus an bhréid ar a ghuaile,
buail congar an tsléibhe amach,” arsa é sin, “ní baol ‘uit an chuaird seo.”

“Mo chuaird ar an dtír seo, arsa mise, ní díth dhuit ná angar,
mar beidh an breac geal ón lín chughat, an chráin chríonna agus an gandal.
Beidh an lubhán ón gcoill, an chearc fraoigh, agus an ramharphoc,
an mionán ón minsigh¹, ach díonaidh ar mo namhaid mé.

Thíos i bhFormaíl atá mo thíos agus m'áitreabh,
tá cúigear dom chlainn ann lé mí agus trí ráithe.
Mheasas ná raibh aon mhoill ort, ach stríoc is teacht láithreach,
ach do bhí an fíodóir agus saill air agus píce chun mé a sháitheadh.

¹ l.s. ‘mbínnsig’

Fóill fóill aríst, agus scaoil mé thart láithreach,
agus beannacht Dia dílis lé hanaman t'athar is do mháthar,
go dtiocfadsa aríst chughat i gcionn mí nú trí ráithe,
lé lacha mhín-tíorach ar mo dhroinn chughat is bardal.

“Bardail ná lachain,” ar sisean, “ná tabhair liom in aon chor,
ná aon rud á maireann ná a thuilleadh dhod chuid éithigh,
gan deich leabhair agus dathad, agus iad ag spalpadh ar do bhéal dom,
go raghaidh tú ar bord loinge, is a maireann dod ghaoltha.”

“Is iad mo ghaoltha-sa, ’tá go fannlag, ní haon chabhair dom a bheith á n-éileamh,
age Ó Cathalláin, agena chamtha ár lamhach-na lé piléaraibh,
ach éireod Dé Domhnaigh, agus mo chlann liom go mbéarfad,
agus raghad go Cnoc Mhuisire athá in imeall an tsléibhe amuigh.”

“Ná téire go Cnoc Mhuisire an mhurdail is an éithigh,
mar a mbíonn fiagaithe agus coisithe ag imirt lé chéiligh.
Á dtiocfadh is a chlampar go labharfadh duine éigint,
go ndéarfadh ‘Siúd é chughat Donncha lom ó Chnoc Bréanainn.”

“Ó tánn tú comh cneasta,” arsa é sin, “déanfaidh mé do chomhairle,
go Cnoc Bréanainn do rachadh, ag déanamh talamh agus tórramh.
a Rí gheal na bhFlathas, go ndeinir calaithe agus cóir dom,
chun dul ag triall ar an dtalamh atá i bhfad óna gcóngar.”

“Ár gcóngar, is dócha, go dtiocfair chun fiaigh,

na crónphoic thar bhóchna¹ thar Daingean aniar.

Beidh Seoirse agus Seón Spring is a gconairt ina ndiaidh siúd.

Is é mo dhóchas go ngeobhadsa agena marcaigh ina dhiaidh seo.

Timpeall fotharaí is ea do stríocas léim chuntas,

agus geallaimse díbhse go bhfuil inti bithiúnaigh,

Liam a bhí im dhíobairt, thar maoilinn siar chughaibhse,

ach achraimse ar Íosa nár dhíolaigh sé a chuntas.

“Díolfadsa mo chuntas,” arsa Liam, “lé him is le leamhnacht,

an bainne bog bríomhar thar oíche gur reamhraigh,

geallaimse dhíbhse mhuisse má dh’éiríonn an ghamhnach,

go maródsa mart chun na saoirse, agus íosfaidh mo chlann é.

Ach clannú, níl agam, is atuirseach an scéal é,

ach Paighndear agus Donncha atá i bhfoithin a chéile,

is é mo bhrón agus mo mhilleadh mar do goineadh go léir mé,

gan mháthair gan athair gan driofúr gan chéile.

Céile dá bhfaighinnse, is mear meidhreach a léimfinn,

do thriallfainn abhaile, is ba mhithid liom fhéin é,

do gheobhainn siar ar maidin chun tí Sheáin Mhac² Aogáin,

mar is é a stiúródh go cneasta go dtí Bhun an Choiscéim mé.

Is é Coiscéim Mhic Tíorach go mbíodh rince agus ceol againn,

¹ l.s. ‘bóchnoic’ agus is é SÓD a mhol an ceartúchán a cuireadh i bhfeidhm san eagrán seo.

² l.s. ‘Mhac’

faid is a mhaireadh ár muintir, bhíodh im agus feol againn,
daoine uaisle na tíorach do bhíodh againn ag ól phuins,
bhíodh ceol agus rince againn ar Inse na Bó theas.”

432. *Bachal Óg*¹

18.3.45

CBÉ, 968: 190-193

Bhí fear dos na Breens sa Leitriúch fadó ina chónaí. D'imigh sé air lá ag dul ar Aonach an Chláir. Chuir sé dho é fhéin, agus a ghadhar. Bachal ab ainm don ngadhar. Chuir sé coiscéim ó dheas do, agus nuair a chuaigh sé ar an dtaobh eile, do bhuail *bitch* leis. Do chuir an *bhitch* agus Bachal ábhar moille air. Bhí an *bhitch* fé adhall. Is ea.

“Lá breá gréine,” ar seisean, “is mé ag dul ar aonach,
ag ceannach *beaver*² don fhaisean nódh,
nuair do casadh spéirbhean do Mhuintir Néill orm,
do labhair sí Béarla cruaidh go leor.”

“Á rúin mo chléibhse, suigh síos taobh liom,
mar tá anso an daorphuins, agus bean dá hól,
go deimhin, más féidir, mé a bhreith thar maol chnoc,
go mbead mar chéile age Bachal Óg.

Lá arna mháireach, is mé ag dul 'on Bhlarnain,
ag ceannach lárach dom míle³ stór,
beidh fuip naoi bhfáinne, agus srian im láimh dheis,
agus iallait Spáinneach fé *thassels* óir.

¹ Tugann nóta ó SÓD cúlra an dáin dúinn: “deir an Criomhthanach gurb é Breen a bhí thíos i gCé Bhreandáin i bParóiste an Chlocháin a dhein é seo agus gur chuimhin léna athair Breen. Ní raibh a thuilleadh cuntais aige air. Is é Breen a dhein “caoineadh Bhachail” leis atá scríthe cheana againn ón gCriomhthanach.” c.f. ‘Bás Bhachail’, §433 | CBÉ, 966: 375-377. Tá an dán céanna le fáil faoin teideal ‘Pósadh Bhachallóig’ i dteannta dhá dhán eile ar Bhachall in *Dán is céad ón Leitriúch* le Mícheál Ó Ruairc (c.f. 1998: 64-68).

² l.s. ‘baver’. “Cén rud *baver*?” a d’fhiarthaigh an Criomhthanach den scríobhaí, i leataoibh. Is é an míniú a bhí ag Mícheál Ó Ruairc ar ‘beabháir’, foirm Ghaeilge den fhocal a fhaightear sa líne chéanna i leagan Thomáis Bhreathnaigh Chaisleáin Griaire, ná gur ‘hata’ a bhí ann (Ó Ruairc, 1998: 160).

³ l.s. ‘bmíle’

Ní stadfam don stáir sin go Sráid Chill Airne,
i measc na sárfhear a ragham ag ól.
Beidh an fiach is breátha againn ó cruthnaíodh Áideam,
Lá ‘le Pádraig ar Bhachall Óg.

Cuirfimid teachtaireacht lé post ‘on Daingean siar,
go Contae Cheatharlach fé sheála chrón,
beidh Rós na gCapall aniar ón gCarraig Dhubh,
cois taoibh na farraige go Fatha Mór.

Beidh tiarnaí S[h]asana ann, iarlaí Alban,
an captaen farraige agus an long fé sheoil.
Beidh an cléireach Sasanach¹ is a leabhar ar leathadh aige,
is ag léamh an tseanchais ar Bhachal Óg.

Buailfimid báire ar thráigh Fionntrá Thiar,
uile áit go dtí an Droichead Nódh,
beidh an t-íománaí ó Chontae an Chláir ann,
ó Uíbh Ráthach agus ón mBaile Nódh.

Beidh fear ón Sás ann, beirt ón Ráth Dhuibh,
triúr ón nGarrán ann, do lucht an cheoil,
beidh na mnáibh ann fé gheataibh arda,
is go mbua Dia an báire leatsa, a Bhachail Óig.

¹ l.s. ‘Seasanach’

Is buachaill sásta mé ar chúig nú ar Gharda,
do sheinnfinn cláirseach nú *fife* ar neoin,
nú raghainn 'on cheártain, do dhéanfainn tairne,
pike chuig sáite nú claíomh im dhóid.

Leanfainn bráca, do threabhfinn bánta,
agus stiúróinn ártach go Bailti Mór,
á raghainn 'on tsáile go deimhin, do snáimhfinn,
ansúd, ní báfaí mo Bhachal Óg.

Lá 'le Bríde is sásta a bhíos-sa,
i dtig an tábhairne an fhíona, agus mo mhaoín ag ól,
go dtáinig im thimpeall táin póilíní,
is a bharántas rí acu acu scríte im chomhair.

Is ard a bhíogas ón gclar do thrí *spring*,
mo chána a bhí agam go cruinn im dhóid,
do bhuaileas snaidhm ar an bhfear ba ghroí acu,
d'fhág san slí amach age Bachal Óg.

433. *Bás Bhachail*

26.11.44

CBÉ, 966: 375-377

Bhí sé thíos insa Leitriúch, Breen, is bhí ana-ghadhar aige. Is cailleadh an gadhar. Tá a fhios agat cail an *tower* as chionn Baile na hAbha – cuireadh fleaiqe in airde ansan, agus d’fhreagair na *toweranna* go léir nuair a cailleadh an gadhar. Ach dhein Breen amhrán do.

“Chuaigh tásc Bhachail go barra an tsléibhe amach,
go dtí an *dtower* atá ar lom sceirde.

Cuireadh suas fleaiqe, agus d’fhreagair na céadta,
go bhfuair Bachal bás cois trá Chnoc Bréanainn.

Chuaigh Ó Coistealbha ag trial ar ghléas tórraimh,
tobac, snaois, agus píopa¹, mórchuid,
cúrsaí fíona, im, agus bulóga,
á riaradh ar na mílte a gheobhadh an bóthar.

An lá úd, an té a chífedh an chomhairí ag gluaiseacht,
agus seisreach capall ina tosach go buacach.
Cóistí, glóruil fé mhnáibh uaisle,
agus iad á chaoineadh comh binn le cuacha.

Bhí driotháir do Bhachal in Albain go sásta,
ina *colonial* airm, agus ba mhór le rá é.
Thit sé as a sheasamh nuair a fuair sé an tásc,
is do briseadh naoi n-easna ann láithreach.

¹ c.f. MI A1547 agus V60 mar le tobac agus snaois a bheith á chaitheamh ar thórraimh.

Nuair a chuaigh an tásc go dtína mháithrín féinig,
is í i mBaile Átha Cliath thíos ag fiach ar thaobh cnoic.
Do liúigh sí go hobann, is do ghoill sí go braonach,
tugadh abhaile í, is níorbh fhada gur dh'éag sí.

Tá tuama Bhachail go taitneamhach déanta,
i gCarraig na Coille¹, is tá gloine ar gach taobh di.
tá a ainm gearrtha ag an Spáinneach caol dubh²,
a shloinne agus a aois agus an oíche a dh'éag sé.

Tá muintir Chill Choimín dar liom go brónach,
ó Charraig na Coille, cois tine, go Srón Bhroin.
Nuair a shuíodh chun bídh, is iad a bhíonn go scóltha,
is tá osna ina gcroí nuair a chíd siad an chomhra.

Chonaic Ó Coistealbha ina sheasamh ar an dtráigh é,
is d'fhiarthaigh sé do Bhachal arbh fhada ar an bhfán do:
“bliain agus dathad a ceapadh ar fán dom,
Ó Áth mBuí go dtí Lios an Gholáin soir.”

Cuireadh prugadóireacht ar Bhachal dréir dealraimh.

¹ Luann fo-nóta ó SÓD nach “feadair Seán Criomhthain cá bhfuil Carraig na Coille, ach deir sé go bhfuil sé sa Leitriúch i dtaobh éigin.”

² Ní raibh a fhios ag an gCriomhthanach “cérbh é an Spáinneach caol dubh” dar le fo-nóta eile ó SÓD sa lámhscríbhinn.

434. *Beadsa féin báite is umbochón*¹

[?].10.47

CBÉ, 982: 264-265

Cailín a bhí ann, agus bhí leasmháthair uirthi, agus theastaigh ón leasmháthair deireadh a chuir léi. Thug sí léi lá í amach ar oileáinín a bhí ann, ag baint bhairneach, agus s[h]uigh sí síos ag aisceadh a chinn, agus thit a codladh ar an leasiníon. Nuair a líonadh an tráigh timpeall ar an oileáinín seo, ní raibh aon dul ar theacht as. Nuair a fuair an leasmháthair ina codladh í, d'éalaigh sí léi, agus d'fhág sí ansan í. Nuair a dhúisigh an cailín, bhí an taoide timpeall an oileáinín, agus ní fhéadfadh sí fágaint. Dh'fhéach sí isteach, agus chonaic sí fear istigh ar an dtráigh, agus shéid sí suas an caoineadh seo:

“Léan ar na bairnigh, is umbochón,
do thug anso im bá mé, is umbochón.

Léan ar mo leasmháthair, is umbochón,
d'ardaigh sé léi mé, is umbochón,
lá breá gréine, is umbochón.
Do shuigh sí síos ag aisceadh mo chinn,
is d'fhág mé fén dtaoide, is umbochón.

A fhir úd ar an dtráigh bháin, is umbochón,
beir scéal go dtím *father*, is umbochón,
go bhfuilim in oileáinín mara gan fascadh gan fábhar,
is beadsa féin báite², is umbochón.

Beidh iníon Sheáin Ghránna agem lao deoil,

¹ Tá leagan eile den scéal seo ag an gCrimhthnach in CBÉ, 967: 149-152: 'A fhir úd ar an dtráigh bháin 's umbochón'
² l.s. 'baite'

beidh iníon Sheáin Ghránna gan baol fós,
beidh iníon Sheáin Ghránna fé chruitíní bána,
agus beadsa féin báite, is umbochón.

435. *Is mó cnap ramhar do dh'ith mo Neidí*

6.1.45

CBÉ, 967: 158-159

Nuair a bhí an bóthar ó Dhaingean go Trá Lí á dhéanamh, do bhí fear ó Chúigí Chonnacht ann. Bhí bean ina theannta. Bhíodh sí ag bailiú. Ach do bhuail sé breoite, agus do cailleadh é. Do cuireadh i mBaile na Cúirte é. Ach ba mhór an t-uaigneas a bheith ag éisteach léna bhean ag déanamh caoineadh dho:

“Is mó cnap ramhar do bhailimh mé chughatsa a Neidí,
mo ghoilí, goilí, gón a Neidí Ó mo chroí.
Is mó droichead maol gan falla,
ó Thrá Lí go Daingean,
do thug an bás dom Neidí,
mo ghoilí, goilí gón a Neidí Ó mo chroí.

Nuair a raghaidh mé féin go Cúigí Chonnaí,
fiafróid siad díom cá bhfág mé Neidí,
déarfadsa leo go bhfág mé i gCiarraí,
in uachtar móna i mBaile na Cuirí,
ar mo ghoilí, goilí gón a Neidí, ó mo chroí”

436. *An tAthair Muiris Ó Cuill*¹

31.12.44

CBÉ, 967: 60-63

Bhí sagart ar an Muirígh fadó, an tAthair Muiris Ó Cuill, agus do fuair sé bás, agus ba é an trua é. Is mó duine a leighis sé riamh. Is dócha nár tháinig aon tsagart riamh san áit ab fhearr ná é. Nuair a théadh sé ag fiach léna chapall, nuair a dhíríodh sé an gunna ar an ngiorria, do théadh an capall ar a dhá ghlúin. Ach do bhuail sé breoite, agus do cuireadh fios ar a athair. Do tháinig an t-athair agus an dríofúr do, agus san am gur shroicheadar, bhí sé caillthe. Ach ba thrua leat féachaint ar an ndríofiúr a dúrthas. Ach deineadh caoineadh dho, bean éigint a bhí i bParóiste Múrach is dóigh liom.

Cad ab ainm di?

'On diabhal a bhfeadar.

A Athair Mhuiris Uí Chuill, mo mhíle léan tú,
a dhochtúir díochta, a bhíodh ag leigheas gach éinne,
mar do fuairis comhacht, agus glóire ón aonmhac,
agus mo chumha² go mór mar is luath a dh'éagais.

Lé linn do mhairbh a tháinig an t-athair id fhéachaint,
do dhríofúirín uasal go huaigneach taobh leat,
bhí do riosc á dhúnadh, mo chumha gan faoiseamh³⁴.

Níorbh ionadh liomsa, á mbeadh smúit ar Ghaeilge,
is dá gcruinneodh an bhrúid chun cúig a dhéanamh,

¹ D'aithris Domhnall Mac Síthigh leagan eile den dán agus caint á tabhairt aige mar chuid de *Léachtaí Chom Cille XLVIII* sa Daingean ar an 22 Aibreán 2017. Leagan Dhonncha Uí Laoithe a bhí aige, agus is in CBÉ, 452: 191 atá an leagan seo le fáil. Bailíodh leagan eile ó Sheán Mac Criomhthain, leis, in CBÉ, 968: 62-63.

² l.s. 'chú' trí síos.

³ l.s. 'faeseamh'

⁴ Gan ach trí líne sa véarsa seo.

i ndeabhaidh an phrionsa dob umhaile thréine,
is d'eascair sé ar bhláth an bhánchnis Gaeilge.

Níorbh ionadh liomsa dá lasfadh na spéartha,
dá ndubhfadh an ghrian i ndiaidh na réaltann¹,
dá dtitfeadh na cnoic anuas ar na sléibhte,
san áit gur cailleadh ár sagart breá naofa.

Nár bhreá í an chuideachta a bhíodh id fhaire insan oíche,
na naoimh, na haingil, agus na haspail id thimpeall,
bhí ár dtiarna naofa ag léamh ar do ghníomhartha²,
agus an mhaighdean bheannaithe ag tarrac na dí chughat.

Ba bhreá é do sheasamh ar fatha nó ar binnse,
nó ag léamh an Aifrinne i bpobal Dhún Chaoin thiar,
nó ag fiach led chapall cois barra na dúiche,
nó go bhfuarthas marbh tú i mbaile cois taoide.

Bhí an tAthair Seán Ó Cathasaigh go cneasta is go séimh leat,
thug sé gradam duit thar sagartaibh na hÉireann,
do léadh sé aifreann, agus d'fhreagraíodh glaoite,
mara mbeadh céalacan fada ar do thearmann fhéinig.

Do bhí bean thí an tsagairt go lánbhaoch díot,
do bhís id pheata aici mar bheadh leanbh léithi féin,

1 l.s. 'réilthion'

2 l.s. 'ghníortha'

bhíodh do bhricfeast tairrigthe ar maidin go gléasta,
bhíodh arán agus cáise i meán gach lae romhat.

Is mór an scéal, agus an léan sa tír é,
ó Chorcaigh na gcuantha go huachtar Dhuibhneach,
Ár ngile breá uasal do fuadh go fíorghlan,
d'fhíorscoth na nGearaltach, cé gurbh ainm Ó Cuill do¹.

1 Ní fhéadfadh sé cuimhneamh ar a thuilleadh dhe seo, a deir SÓD linn.

437. *Dríofiúr ag caoineadh a dhriothár*¹

25.3.45

CBÉ, 968: 280

Bhí sa tseanaimsir fadó, ba mhór an scanradh na daoine chun bruíne. In aon áit a bheadh fear maith, bhíotaí ag faire air chuig é a chuir síos. Bhí beirt driothár timpeall an Choma², agus nuair a bheidís i dteannta a chéile, ní raghadh éinne ina ngaire. Ach do rugadh ar dhuine acu lá ina aonar. Bailíodh air, agus do maraíodh é, an fear bocht, le sparra iarainn. Ach do chuaigh a dhriofiúr ag déanamh caoineadh dho.

“Mo ghrá thú agus mo mhaoín³,” arsa í sin,
“nár lú nár ghlaois ar fhear na lárach duibhe,
nár dh’iarr riamh teannta an chlaí chun dul ’on iallait ina shuí,
fé mar a raghadh an t-éan ’on chraoibh.

Mo thaisce agus mo laoi thú, agus gadé mar léan dom,
dá maraíodh piléar tú, lucht airm nú éadaigh nú do *match* féinig,
sochas lucht murdail agus eirligh nár thug riamh géilleadh do shagart ná do chléireach,
mara dtabharfaidís gé leo nú caíora ó shléibhte nár leo féinig.

Mo ghrá thú agus mo chuid agus go mbeir ag imeacht bhuainn amáireach ar an Ráth Duibh⁴,
’dtís na comharsain bhreátha ansan ’dtí Peaidí Shéamuis agus ’dtína shliocht,
go n-imí orthu súd an scrios agus go ndófar róluath a dtig.”

¹ Tá leagan eile den eachtra seo agus an t-amhrán a bhaineann leis bailithe ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 621: 45-47.

² l.s. ‘Châma’. Deireann nóta ó SÓD linn gurb é “an Cam, deich mhíle siar ó Thrá Lí” atá i gceist, nó “An Cam Thoir” mar a thugtar uaireanta air.

³ l.s. ‘mhuíon’ tríd síos.

⁴ “Roilig i bParóiste Bhaile an Bhóthair” a deir fo-nóta ó SÓD linn.

438. *Faoistine Ghuistí*

8.12.44

CBÉ, 966: 521-525

“Cois na trá so, lámh lé barra taoide,
a fhaid is beidh an féar ag fás go brách is ea a bheadsa sínte,
nách cloíte an cás fear dánta do cheapadh is laoithe,
do chuir síos sáite san áit ná casfaidh choíche.

Is é dlí na roilige ligeant gach éinne isteach,
is é riail na cille nár lig sí riamh éinne amach,
cách mar a imigh ná tiocfaidh go deo thar'n ais,
nách trua-sa an duine ná tuigeann gur cruaidh é an smacht.

Raghaidh mo thuisseal san úir go cúng fé luí na leac,
age daradaoil dhubha im shiúl gan rian gan smacht,
mar bharra ar mo chú¹, beadsa ansúd go deo na dtreabh²,
gan solas im shúil, is gan fúm ach cré agus grean.

Beidh mo chnámha ar an dtulaigh, beidh mo chloigeann ansúd fí an spéir,
beidh mo chroí istigh³ lofa, beidh mo chos gan lú gan léim,
beidh an tsúil sa teanga ina bpraisigh ar fuaid na cré,
nách trua-sa mise, is nár thuigeas riamh grásta Dé.

¹ ‘[phudhair]’ a chuir Mícheál Ó Ruairc isteach ina eagrán siúd (1998: 15), agus míniú aige ar an méid sin: “Ciallaíonn ‘pudhair’ náire nó brón. In IED, tá ‘cúis pudhair,’ a cause for regret agus ‘mo phudhair’, ‘woe is me’.” (1998: 136).

² “im’ dhrab” ag Ó Ruairc (1998: 15): “‘im dhrab’ – .i., ‘draoib’ f, = mire, mud, scum. Im dhuine gan mhaith atá i gceist.” (1998: 136).

³ l.s. ‘stog’

Níor thugas mám ná foiscealach dos na bochtaibh¹ ná déirc fós riamh,
is níor chuireas cré ná paidear lém anam bocht, foríor ghéar.
Do thréigeas an tAifreann do ghlanfadh mé ar láthair Dé,
dá tabharfainn aire dho go mbearra dhom é ná an saol.

Do bhíos mear mallaithe aithiseach ceandána²,
agus puinn don mhaitheas, níor chleachtas riamh ach amháin míghrásta.
Agus rá na sagart, ní dheininn riamh dóibh ach dí dadaimh³,
dhéanfadh súgán sneachtaigh mé a tharrac i gcúis náireach.

Níor dheineas riamh goid, ná éigean, léirscios ná marú daoine,
ach go ngearrfainn gach n-aon lém béal do rithfeadh síos mé,
ach a ghrá mo chléibh, ná tréigse mise choíche,
agus led shúile naofa, go bhféachair ar an duine críonna⁴.

A Dhia ghil bheannaithe, a athair Mhic Dé na ngrást,
a Mhaighdean Mhuire bheannaithe, do rug barra léi riamh ó mhnáibh,
ná cuirídh úr dteachtaire im thachtadh, agus tugaídh dom spás,
go bhfaigheadsa maitheachas dom anam sara bhfaghaidh mé bás.

A Dhia ghil, a aonmhic Muire agus Íosa,
a Mhic do céasadh chun sinn do shaoradh ó pheaca an tsinsir,

¹ “do na boicht”, .i., an gnáthainmneach iolra, a bhí in eagrán Uí Ruairc (1998: 16).

² l.s. ‘ceandánaíne’

³ l.s. ‘dí-deáidim’. Ba í tuairim Uí Ruairc, a leasaigh an litriú go ‘dí-dádum’ ná gurb é atá ann ná “focal a chum an file féin... ciallaíonn sé, de réir dealraimh, ‘beag beann’ nó ‘magadh’ nó ‘cúis gáire’. Tá onamataipé ann is oireann sé do rithim an dáin” (1998: 136). Onamataipé ní foláir atá i gceist le ‘dí’ mar intriacht, ach tharlódh go dtugann Seán Mac Criomhthain míniú ar an ‘dadamh’ mar fhocal in §258 | CBÉ, 977: 435-439 : “Sciath an m[h]iongáin is é an dadamh, is é sin, an ionga a b[h]íonn ar cheann an m[h]iongáin istigh sa tsliogán. Is ann a chuirfá an tsnáthad greamaithe chun é a phriocadh as an sliogán. M’athair a chuala á rá sa.”

⁴ Véarsa nach bhfuil ag Ó Ruairc.

ní scéal a fháilt é ná seanchaíocht,
ach ná lig mé féin 'dtí Bateman, ná isteach 'dtí Yieldon¹.

A ghrá mo chléibh,” a dúirt sé aríst, “ná tréigse mise choíche,
is led shúile naofa, go bhféachair ar an duine críonna.

Bhínn ag spalpadh na mionn, do dhein an drúis go léir mé a lat,
ní rabhas mar a dúrt, ná cionntach riamh ina leath,
ach a Athair na Rún, glac chughat mé féin isteach,
agus le hais id chúirt bhréa aolmhair gheal.

A Dhia thorthaigh², do shocraigh na súile im plaosc,
do thug solas dom cholainn, agus do chuir cír im béal,
nach deacair 'om a bheith ag lorg ort, agus nár dheineas riamh dod dréir,
ach duine bocht gan doicheall mé, is go mbeirir mé chughat fhéin.”

File a bhí sa mhachaire a dhein é sin, is dócha go bhfuil dhá chéad bliain ó shin. Guistí, Connor ab ainm do. File maith ab ea é. Ach dhein sé é sin, is é ar leabaidh a bháis. Tháinig an sagart chuige.

“Chuala go ndeinis a leithéid seo,” arsa an sagart.

“Do dheineas,” arsa é sin.

“An bhféadfá é a rá dhom?” arsa an sagart.

“Féadfaidh mé,” arsa é sin.

Ach nuair a bhí sé ráite aige:

“Níor ghá dhuit fios a chuir ar aon tsagart,” arsa é sin.

1 “Dhá dhiabhal éigin iad so atá in iofrann” arsa an Criomhthanach le SÓD i dtaobh na beirte a luaitear anso. ‘Gíldéan’ an leagan Gaelaithe den sloinne a thug Ó Ruairc.

² ‘urramaigh’ ag Ó Ruairc (1998: 16).

439. *Tarbh an Fhearainn*¹

8.4.45

CBÉ, 968: 369-371

Bhí fear insa bhFearann fadó, agus do maraíodh tarbh air. Do bhí amhras aige ar an muintir a mhairbh an tarbh, ach do shéid sé suas:

“Á mbeinnse naoi lá,” arsa é sin, “ar bord báid, gan teacht abhaile,
agus ocras mór a bheith orm nuair a shroisfinn an talamh,
léan, agus díth ar mhuintir an éithigh,
do chuir ar na daoine ba mhíne a bhí in Éirinn,
nár ghoid riamh an chaíora san oíche chuig féasta,
dá ndéanfaidist díth dho, do dhíolfaidist féin as².

Do buaileadh sa chromán é, do máchailíodh sa cheann é,
is i gcionn mí ón lá san, do bhí a chnámha ar fad ina mbruscar,
bhí gach aon dath á ghleoiteacht ann, an crón, an dubh, is an dearg,
do mhairfeadh sé againn choíche, mara mbeadh bulaí ón bhFearann.

¹ “[Fear ag caoineadh tairbh]”, .i., teideal eile idir lúibíní cearnógacha in aice leis an teideal a tugadh thuas.

² “Cuid in easamh anso” a deir fo-nóta ó SÓD, cé nach léir anseo an amhlaidh gur in easnamh ar chuimhne an Chriomhthanaigh, nó ar thaifeadadh an eideafóin, atá i gceist.

440. *Carraig Aonair*¹

25.3.45

CBÉ, 968: 276-277

Bhí fear ann fadó, agus do bhí triúr mac aige, agus cliamhain. Do tháinig lá Luain. Ba mhór an scanradh le gaoth é, agus le báisteach. Ach do bhréathaigh sé suas tráthnóna. D'imigh ceathrar acu ag iascach, agus má chuadar, níor tháinig éinne acu isteach. Ba dhubhach an scéal do é.

“A Luan úd an áir,” arsa é sin, “go dtáinig an suaineas beag breá,
do rug mo cheathrar buachaillí bhuaimse dhá mbá.”

Do thug sé an cliamhain ina dhiaidh ansan.

“Mo ghrá sibh is mo mhaoín,” arsa é sin, “mo thriúr d’fhearaibh groí,
ná feadar féin in aon chor ciacu go ndéanfainn do díg,
ach gurb é Donncha mo mhaoín,” arsa é sin, “mo thriúr d’fhearaibh groí,
go mbíodh an breac aige ón líon, an giorria ón gcoill,
an fhiod[h]óg ón sliabh, is gan aon bhréag an chearc fraoigh.

A chlann ó mo chroí nú an trua libh mar a bhím,
caithne gan aon fhuaiméant i gcúinní uaigneacha an tí.”

Bhíodh fear siúil ag siúl anso. Fear fiain ab ea é, agus deireadh sé le m’athair éisteach nuair a bhíodh sé á rá san. Ní fhéadfadh se éisteach leis.

“Léan ar an mnaoi do thug bhuaithi an ghuí,
nár órdaigh don nduine aosta a bheith taobh lena chlainn,
ar muir nú ar tír nú in arm an rí,
gur thíos i gCarraig Aonair athá mo chéile ina luí.”

¹ Amhrán an-cháiliúil atá le cloisint, mar shampla, ar dhlúthdhiosca le Diarmuid Ó Súilleabháin *Bruach na Carraige Báine* a chuir Cló Iar-Chonnacht amach sa bhliain 1995.

441. *Ceathrar Tadhg do ghaibhne ríothúla*¹

3.12.44

CBÉ, 966: 416-417

Bhí file fadó ann, agus do ghluais sé ag válcaireacht, capall iallaithe aige. D'imigh crú óna chapall, agus bhí sé ag cuir tuairisc cá raibh aon cheártain. Stiúraíodh é. Tháinig sé go dtí ceárta go raibh ceathrar gaibhne ag obair. D'iarr sé ar an bhfearr críonna crú a chuir féna chapall.

“Ní fhéadfainn é,” arsa é sin, “tá cúram eile orm.”

D'iarr sé ar an tarna fear é.

“Ní fhéadfainn é,” arsa é sin, “tá cúram eile orm.”

D'iarr sé ar an tríú fear é. Ní fhéadfadh sé é. Dúirt sé go raibh cúram eile air. D'iarr sé ar an bhfear óg é. Dúirt sé ná féadfadh sé é, go raibh cúram eile air. D'imigh sé fé dhéin tí an ghabha, agus fearg air. Chonaic bean an ghabha ag teacht é, agus gan aon ana-stiúir fé.

“Cogar,” arsa é sin, “cé hiad na fearaibh oibre atá sa cheártain?”

“Tá m'fhear fhéin,” arsa í sin, “agus triúr mach dom.”

“Cad is ainm do t'fhear?” arsa é sin.

“Tadhg,” arsa í sin.

“Cad is ainm dod mhac críonna?”

“Tadhg,” arsa í sin.

“Cad is ainm dod tharna mac?”

“Tadhg,” arsa í sin.

“Cad is ainm don gceann óg?”

“Tadhg,” arsa í sin.

“Ceathrar Tadhg,” arsa é sin, “do ghaibhne ríothúla,

ceathrar Tadhg ná faighinn in aon dúthaigh,

mura mbeadh do dheigh-bhean do dheagh-mhná mhín múinte,

¹ Tá sé seo bailithe ag Seán Ó Dubhda agus a thras-scríobh siúd le fáil in CBÉ, 1715: 228-229.

do d'fhágfainnse tinn tusa a Thaidhg an chinn urla.

442. Connor Síol an Bhotúin

8.12.44

CBÉ, 967: 497-499

Bhí fear dos na Connors fadó ann. Bhí sé nótáltha chun óil. Bhí sé go maith as. Is é an áit a bhí sé ina chónaí i gCarraig an Phoill¹. Bhí sé ag ól lá. Phointeáil sé ar phéarla a bhí istigh sa tsiopa.

“An mór an péarla san?” arsa é sin.

“Níl fiacha sa tsaol agat,” arsa fear an tsiopa.

“Cuirfeadsa in úil duit,” arsa é sin, “go bhfuil.”

Loirg sé peann, is dubh, agus páipéar air, agus do scrígh sé síos eastát Charraig an Phoill.

“An gceannódh san é?” arsa é sin.

“Ó, sin é a fhiacha,” arsa fear an tsiopa.

Rug sé ar an bpéarla, is chuir sé ina chluais é. Sara dtáinig sí abhaile, bhí an scéal ag an mbanarthla a thóg é cad a bhí déanta aige. Níor thug sí aon ghéilleadh mór do, nó go dtáinig sé fhéin. Chonaic sí an péarla ar a chluais.

“Tá go maith,” arsa í sin, “tá an méid sin déanta.

M'atuirse, ón seachtain seo go Luan aríst,

i mBaile Poirt na Carraige² mar a n-óltaí an fíon,

ar baillchrith, is barra bog, do chuaigh sé síos³.”

Bhí loch lasmuigh dá thig, is rug sé ar an bpéarla, is ar an lán san dá chluais, agus chaith sé amach ’on pholl iad. An tseachtain ina dhiaidh sin, bhí sé glantha⁴ amach as.

1 I.s. 'Carraig a Faghail'. Leagan is ea é sin, dar ndó, a bhunaigh SÓD ar 'Carrigafoyle' an Bhéarla. Carraig an Phoill i bParóiste Achadh Mhálainn, barúntacht Oireacht Uí Chonchúir atá i gceist, áit ina seasann an caisleán a bhíodh ann maille le leac cuimhneacháin ar a bhfuil an téacs Gaeilge seo a leanas le léamha ag an té a thabharfaidh cuairt ar an “séadchomhartha náisiúnta seo faoi chúram Choimisinéirí na Oibreacha Poiblí”: “Suíomh iontach de na túirthe a tógadh i ndeisceart na hÉireann sa 15ú haois dhéanach agus go luath sa 16ú haois is ea Caisleán Charraig an Phoill... saothar den scoth atá i mballa feidín an túir, agus bhí sé le maíomh sa 16ú haois narbh fhéidir na ballaí, a bhí déanta le clocha ar nós leaca fada, a bhriseadh.” Luann an téacs Béarla atá ar an leac chéanna gurb iad na “O’Connor Kerry” a thóg an túirtheach seo.

2 Le contae Ros Comáin a luaitear an t-aon iontráil do 'Port na Carraige' ar logainm.ie. Seans, leis, gur do bhaile poirt darb ainm ‘An Charraig’ a thagair an rann seo.

3 Deir SÓD linn go bhfuil líne ar lár anso.

⁴ I.s. ‘glan’

443. *Fear ag lorg spáis chun cíosa*¹

[?].1.46

CBÉ, 979: 153-154

Bhí fear ann fadó, agus chuaigh sé 'dtí an tiarna talún ag lorg spás air ach go háirithe. Ach bhí leanbh aige². Bhí banarthla i mbun an linbh, agus bhí a fhios aici go raibh an fear bocht a tháinig ag lorg an spáis filiúil. Bliain aoise a bhí an leanbh.

“Raghadsa 'on tseomra anois,” arsa í sin, “agus nuair a bhraithfead é féin tagaithe, tiocfaidh mé amach as an seomra. Dein rann éigin don leanbh,” arsa í sin.

“Gadé an t-aos an leanbh?” arsa é sin.

“Bliain aoise,” arsa í sin.

Chuaigh sí 'on tseomra, agus le linn an tiarna talún a theacht 'on chistin, do tháinig sé 'on tseomra. D'fhéach sé ar an leanbh.

“Céad fáilte romhat,” arsa é sin, “a shárfhir in aois do bhliana³.”

Is é an ainm a bhí ar an áit ‘Ráth Tuaidh’.

“Slán go raibh do shíolbhach go deo,

is go bhfaighidh tú Ráth Tuaidh mar stát ód shinsear,

go lá an Luain pé rí a bheidh i gcoróin⁴.”

“Gadé an rí a bheadh i gcoróin an lá san?” arsa an *landlord*.

“Rí Seoirse,” arsa é sin.

¹ Foilsíodh an mhír seo ón gCríomhthanach ina iomláine mar chuid den phlé scolártha a dhein Pádraig De Brún ar ‘Pé rí a bheas i gcoróin’, amhrán a bhfuil tagairt dó i ndeireadh insint an Chríomhthanaigh ar an eachtra seo. Díol spéise do Phádraig De Brún ná go raibh cuimhne i gCorca Dhuibhne ar an méid seo ó Sheán Caoch Ó Cearbhaill, file a cheap cuid mhór amhrán (2001: 117). “Do réir chuntais amháin, is sa bhliain 1848 a cailleadh é; i gClais Maolchon (i bParóiste Chill Lúirí) a chónaigh sé; filí ab ea a athair agus a iníon chomh maith” (2011: 120). An t-amhrán faoi thrácht anseo, bhain sé le duine de mhuintir Gun a mhair in áit “mar a bhfuil an Ráth Tuaidh (nó an Baile Dubh) agus Cill Lúirí (an Tóchar) ina gcoda den aon Pharóiste Caitliceach amháin le breis mhaith agus 300 bliain anois í ach gur dealaíodh Baile Uí Thaidhg uathu sa bhliain 1857.” “Insint bhríomhar,” a thug Pádraig De Brún ar an leagan seo ón gCríomhthanach inar tógadh ceann do cheist na Coróineach, agus ina bhfuil leaganacha as línte 1 agus 31-32 na lámhscríbhíne a chuir De Brún in eagar ina alt (2001: 117). “Idir 1806 agus 1815 a scríobhadh an lámhscríbhinn” seo gur Tomás Ó Criadáin an Chluainín i nDeisceart Thiobrad Ára an príomhscríobhaí (2001: 122). LS 432 (23 B 4) in Acadamh Ríoga na hÉireann atá an lámhscríbhinn seo ar coimeád (2001: 115).

² “Uilliam Gun, leanbh mic le tiarna talún na Rátha féin” é seo.

³ Baintear macalla anseo as líne 1 ‘Pé rí a bheas i gcoróin: “Céad fáilte Máirt Chásca it aois bhliana” (2001: 123).

⁴ Baintear macalla as an dá líne seo as línte 31-32 ‘Pé rí a bheas i gcoróin’: “Beig Rah toug na stait Voain aig ad hinsir, go la an loain pe Riory Ves a groin” (2001: 124).

“Imigh,” arsa an tiarna, “is go n-imí an diabhal id bhóthar.”

Fuair sé an spás.

444. *Filí ag tarlúint le chéile*

11.3.45

CBÉ, 968: 122-126

Bhí file insa Daingean fadó, agus file eile in aice le Trá Lí. Ghluais file Thrá Lí fe dhéin an Daingin. Dúirt sé go gcuirfeadh sé geall go bhfaigheadh sé amach tig an fhile gan a thuairisc a chur ar éinne. Thosnaigh sé thuas i mbarra Shráid Eoin. Chuaigh sé go dtí béal doiris.

“Mise an file ceannasach athá ag teacht i mbéal na ndaoine,” arsa é sin.

Bhíodar ag cuir an dá shúil tríd. Sin é mar a bhí aige, ó doras go doras, nó go dtáinig sé go dtí doras an fhile.

“Mise an file ceannasach,” arsa é sin, “athá ag teacht i gceann na ndaoine.”

“Deirimse,” arsa an file istigh, “gur file thú go bhfuil breall ort a bheith amuigh san am so d’oíche.”

Isteach leis. Bhí a fhios aige go raibh sé aige.

Bhí dhá fhile eile ann. Bhíodar timpeall lé mile óna chéile¹, agus níl aon gheimhreadh² ná ceannóidís bó eatarthu. Sa tig ba ghiorra dóibh ag teacht ón aonach a fágtaí an bhó. Théadh leath na bó go dtí an bhfile eile. Ní raibh sé istigh. D’éirigh bean an fhile, agus chuaigh sí ’on doras.

“Tá tuile mhór sa Leamhain,” arsa í sin.

Ní dúirt sí a thuilleadh. Ach nuair a chuaigh an teachtaire abhaile:

“Cad a dúrthas leat?” arsa an file.

“Ní dúrthas éinní liom,” arsa an file, “ach chuaigh an bhean ’on doras, agus dúirt sé, ‘tá tuile mhór sa Leamhain’.”

¹ “Duine acu fé mar a bheadh sé i gCathair Deargáin, agus an file eile fé mar a bheadh sé ar an gClochán Dubh” a deir an Criomhthánach linn in §240 | CBÉ, 1035: 358-359 mar a bhfuil insint níos iomláine ar an eachtra seo.

² “i gcomhair na Samhan” a sonraíodh sa leagan a bhí le fáil in §240 | CBÉ, 1035: 358-359.

“Tá an ceart aici,” arsa an file eile. “Tá tuile mhór sa Leamhain,” arsa é sin,
“agus is sleamhain athá leacacha.
agus mara leagtar an crann,
is ann a dh’fhanann na slisneacha.”

D’fhanadh gach a mbíodh istigh sa bhó, d’fhanaidís ag an gcéad fhile.

“Ach ní bheidh sé i gceist feasta aríst,” arsa é sin.

An chéad bhó eile a cheannaíodar, chuir sé go dtí an áit ba shia ó bhaile í, nó go dtáinig sé suas leis an boss. Bhí gach re bó ansan acu.

Bhí mac do file fadó ag foghlaim táilliúireacht, agus do bhí file eile, chuala sé go raibh sé ann. Do tháinig sé. Ba mhaith leis go mbeadh tástáilt aige air. Tháinig sé. Bhí sé ag féachaint air ag fua. Ní raibh aon ana-shaol ag an ngarsún ón máistir a bhí air. Do labhair an file.

“Tá do shnáthad cam a gharsúinín,” arsa é sin,
“agus tá sí ramhar ina rosc.”
“Mar sin,” arsa an garsún, “ní ritheann sí lé fonn,
trí olann ramhar na n-alt¹.”

Bhí garsún eile fadó ann, agus ní fhéadfadh a athair ná máthair aon cheart a bhaint do. Ní fhéadfadh an máistir scoile fiú amháin aon cheart a bhaint do. Ach bhí sé ag gabháilt do gach aon lá. Níorbh aon chabhair do é. Ach lá, bhíodar ag rá na bpaidreacha. Do bhí an garsún ag féachaint timpeall. Do

¹ “Olann ramhar na molta” atá i leagan atá le fáil in CBÉ, 1035: 338-339.

chonaic sé luch ag teacht anuas ar an dtéad a bhí ar crochadh anuas¹ ag an máistir chun a bhlúire bídh a chrochadh ann. Ach nuair a tháinig an luch go bun, níor bhuaill éinní leis. Thit sé ar an ngarsún, is thit an garsún ag gáirí. Ach nuair a bhí na paidreacha ráite, rug sé air.

“A bhlaigear, arsa é sin, “cad a chuir ag gáirí thú aimsir na bpaidreacha?”

“A leithéid seo,” arsa é sin, “luch a bhí ag teacht anuas ar an dtéad, agus thit sí.”

“Socróidh mé leat anois,” arsa í sin, “mara ndéanfaidh tú ceathrú amhráin di sin, don luch.”

“I saw mouse² above stairs,
she came down the rope to find something to ate³,
when found nothing, she wagged her tail,
she fell on the floor to got [sic] saying her prayers.”

Bhí dhá fhile fadó ann, agus bhíodar ag gabháilt dá chéile.

“Is alsún mo bheansa,” arsa é sin, “is níl órlach ina bróig”

“Is alsúnta an fear tú,” arsa file eile, “agus beidh amhlaidh go deo.”

Sin a bhfuil agamsa dho.

¹ “ar an dtéad a bhí ar crochadh anuas” faoi dhó sa l.s.

² B’fhuirist don chainteoir Gaeilge dar ndóigh an t-alt éiginnte a fhágaint ar lár agus Béarla á labhairt aige.

³ .i., de réir na foghraíochta a chloistear go minic i mBéarla na hÉireann.

445. *Mo bhuaireamh an t-uaigneas go léir as ár gcionn*

18.3.45

CBÉ, 968: 228-229

Bhí sagart insan áit seo fadó. Bhí sé ag tabhairt seanmóin bhuidh lá Domhnaigh.

“Is mór an mhóráil atha ar dhaoine,” arsa é sin, “n’fheadair siad conas atá ag an móráil. Á raghaidís siar go teampall na Cille, an folach a bhaint don gcomhra, sin é an áit a chífadh sibh an mhóráil. Beidh duine ansan, duine ana-mhór, is é a bheith ana-mhaith as. Gheobhaidh sé bás. Tiocfaidh mórán daoine móra ina chomhairí. Beidh féasta acu. Nuair a bheidh sin caite acu, níl aon phort ages na héinne acu, ach go bhfuil sé in am é sin a thógaint amach. Níl aon chuimhne ar a fheabhas a bhí sé i rith a shaoil. Sin é an port a bhíonn acu...

“Mo bhuaireamh,” ar seisean, “an t-uaigneas go léir as ár gcionn,
ar fhuarleaba chruaidh, is gan éadach fúinn,
mo shluaiste nuair a bhuaílid an chré lé hár gcúl,
nuair a bhuaílid go ngluaisid go léir chun siúil.

Mo thrua-sa an duine ná tuigeann a chúrsaí féin,
mar ní lé luíod a churtha a tabharfar chun cuntais é,
an uaig chaol chluthair, is gan cumas chun iompú fé.

Is díomhaoín é an t-ór buí, agus an t-airgead bán,
is díomhaoín iad prionsaí ina seasamh ar shráid,
is díomhaoín iad na síodaí atá oraibhse a mhnáibh,
is díomhaoín é gach ní, ach amháin Mac Muire na nGrást.”

446. *Sliabh na mBan*

25.3.45

CBÉ, 968: 272-275

Do bhí fear siúil ó Thiobrad Ára ag siúl anso fadó, agus do bhí amhrán¹ a deineadh nuair a bhí an cath² lé b[h]eith i dTiobrad Ára. Nuair a cloiseadh sé an t-amhrán, do cromadh sé ar ghol.

“Ba mhise an duine dubhach an lá san,” arsa é sin, “mé féin, agus mac gabha. Bheadh scrios déanta mara mbeadh sin. Do bhíomair ar an mbóthar nuair a ghluaisíodar, an camtha. Bhí ár ndream fhéin ar an gcnoc, agus iad déanta suas go maith ina gcomhair. Bhí soithí trasna i mbarra an chnoic acu ceangailte dhá chéile, lán do chlocha, agus do chré chun iad a scaoileadh ina gcoinnibh anuas nuair a bheidís ag dul suas. Do dhéanfaidís leibhéalú mór orthu, ach do ghaibh na saighdiúirí chughainn. Bhí ceárta in aice linn.”

“An ceárta é sin?” arsa an captaen.

“Is ea,” arsa mac an ghabha.

“Tá crú imithe óm chapall,” arsa é sin, “is dócha go bhfuil an gabha ar an gcnoc.”

“Tá,” arsa an garsún, “B’fhéidir go dtiomáinfinnse an chrú.”

Thug sé amach crú, agus do bhí an chrú rúnach don gcapall. Do thiomáin sé an chrú fén gcapall, agus do shín an captaen leathshovereign chuige. B’fhearr le mac an ghabha agus leis an ngarsún eile an méid sin ná leath a raibh ar an gcnoc a bheith marbh.

“A gharsúin,” arsa é sin, “an bhféadfá pátrún ar arm athá acu a tharrac amach dom.”

“Ní gá dhom é,” arsa an garsín, “mar tá ceannacha anso agam.”

Thug sé amach as an gceártain é.

“Conas a dh’oibríd siad leis sin?” arsa é sin.

¹ Dhein Breandán Ó Beaglaoich Bhaile na bPoc taifeadadh de ‘Sliabh na mBan’, agus an taifeadadh sin den amhrán le fáil ar an gceirnín *Oíche go Maidean* a chuir sé amach go neamhspleách sa bhliain 2002.

² Éirí Amach 1798 atá i gceist, cath go ndeir Gearóid Ó Tuathaigh an méid seo a leanas faoi, agus an t-amhrán luaite aige ann: “when the call for insurrection came, many of the Catholic middle classes whose station in life gave them leading positions in the underground army shrank from the conflict. The lament of the peasant-poet captures the bewilderment of the peasants when they found themselves without leaders.” Is ionann na focail a thugann Gearóid Ó Tuathaigh ón “peasant-poet” mar fhianaise ag an bpointe seo agus na focail a thug an Criomhthanach as ‘Sliabh an mBan’ ag deireadh na míre seo (1972: 28), agus cé gur “peasant-poet” an téarma a roghnaigh Ó Tuathaigh sa chás seo, is fiú a lua go leagtar an t-amhrán ar Mhícheál Óg Ó Longáin go minic.

“Dá gcuirfá duine dhod fhearaibh isteach ar an bpáirc chugham,” arsa an garsún, “do neosfainn duit é.”

Bhí lucht na gcapall ag rith le chéilig féachaint ciacu acu a bheadh istigh.

“Tógáidh socair é,” arsa an captaen, “ná deinídh aon díobháil don ngarsún.”

Ach do chuaigh duine acu isteach. Bhí an captaen ag fógairt air gan aon díobháil a dhéanamh don ngarsún.

“Má dheinimse aon díobháil do,” arsa an garsún, “cad a dh’imeoidh orm?”

“Tá sé maite dhuit,” arsa an captaen.

Thug sé fé leis an gcapall, agus phrioc¹ sé é. *Bhackáil* an capall. Bhí gáirí an domhain ar an mbóthar. Thug sé aríst isteach fén ngarsún. Phrioc sé sa chliathán é. Chas an capall timpeall. Le linn é a chasadh timpeall, do scaoil sé an corrán² ar an srian. Cuireadh an marcach ar an dtalamh. Do bhain sé an ceann do leis an dtua.

“Cuir isteach fear eile chugham,” arsa é sin.

“Tair amach a gharsún,” arsa é sin, “gheofá trína bhfuil d’fhearaibh agam. Táim ana-bhaoch díot.”

Thug sé leath*shovereign* eile dho. B’fhearr ná san é. D’fhilleadar. Chuadar abhaile. Ní raibh aon phioc leathair sa tsrian as san amach acu, ach an méid a bheadh ina dhá láimh, ach slabhra. Ghluais muintir an chnoic, agus do chuadar go tig an óil, agus cad é tiomáint a bhí orthu. Ach do lean bithiúnach do mhuintir Néill an camtha, agus do nis sé dhóibh cá rabhadar. D’fhilleadar aríst, agus dheineadar scríos orthu. Deineadh amhrán dóibh sin. Níl agamsa ach cúpla focal do.

“Ní raibh ár *major* ar dtúis an lae againn,
ní rabhamar fhéin i gcomhair ná i gceart,
ach do dhíol an spéirne dho mhuintir Néill sinn,
in am an tsaothair ar Shliabh na mBan.”

¹ “Phrioc an garsún an capall leis an arm,” an míniú a thugann SÓD ar an abairt seo.

² “Bhí sleá agus tua agus corrán in aon arm amháin,” an míniú a thugann SÓD.

447. *Sa mhainistir lá*¹

6.1.45

CBÉ, 967: 132-140

Sa Mhainistir lá, i dtig an tábhairne i m'aonar is ea a bhíos,
Bhí beathuisce ar clár im láthair féin gan suim,
do dhearcas an bháb mhilis mhánla maorga an ghrinn²,
ina seasamh sa tsráid go tláth cois taobh an tí.

Do phreabas ón gclár gan spás go héasca im shuí,
is do dh'imíos³ fén sráid⁴.

D'fhiosraíos go tráth dhon mbean bhreá⁵ na gcraobhfholt mbuí,
arbh ainnir⁶ í ón áit⁷ nó arb fhánaire aonair⁸ í.

D'fhreagair gan spás mé, is í báb na gcraobhfholt mbuí,
dúirt gurb ainnir í, ón áit nárbh fhánaire í.

“Ach ainnir is ea mé a crádh le grá dho thréanfhear groí,
do dh'imigh chuig fáin, is mo chás níor léir é a shlí.”

“Más ainnir tú a crádh le grá dho thréanfhear groí,” arsa Eoghan,

“do dh'imigh chuig fáin, agus mo chás níor léir é a shlí,

¹ Bhí an t-amhrán seo bailithe faoi dhó leis ag Seán Ó Dubhda, c.f. CBÉ, 1352: 326-328 agus CBÉ, 1716: 264-265, agus tá leagan a chuir Pádraig Dinneen in eagar le Cumann na Scríbeann nGaedhilge le fáil in eagrán Pat Muldowney d'fhillíocht Eoghain Rua Uí Shúilleabháin 'Eoghan Rua Uí Shúilleabháin Aislingí'. Tá an chéad dá véarsa faoi mar a bhíodar ag an gCrimhthanach an-chosúil leis mbunleagan. Scarann leagan an Crimhthanach ag an bpointe sin leis an leagan a bhí curtha in eagar ag an Duinníneach, gan ach macalla á bhaint aige as an leagan eile as san amach.

² 'mhín' in eagrán Chumann na Scríbeann nGaedhilge (2009: 116).

³ .i., seachas 'ritheas' (ibid).

⁴ “fé dhéaghain na béithe mhuidhim” sa chuid eile den líne seo (ibid).

⁵ .i. seachas “de bháb” (ibid).

⁶ “duine” (ibid)

⁷ “den táin” (ibid)

⁸ “aerach” (ibid).

a chogair, tabhair dom páirt, is go tig an tábhairne téanaimíd,
go n-ólfadsa sláinte mo ghrá pé hÉirinn í.”

D'imíodar go tig an óil.

“Thugas-sa lá i dtig an tábhairne, ag glaoch agus ag díol,
agus ar meisce do rángaigh báb na gcraobhfholt mbuí.
Mar do bhí sí cráite tnáite traochta ón slí,
do rugas uirthi ar láimh, agus do dh'fháisceas a méar lém chroí.

Do chnagas an clár do bhí im láthair féin gan moill,
agus dúirt nárbh fholáir a dh'fháilt domh féin is dom buíon,
leabaidh don bháb atá go tnáite traochta ón slí,
go gcodalfadsa idir lá mo ghrá pé Éirinn í.

Bhí san go maith go dtí maidean lá arna mháireach.

“Mo chreach is mo chás,” arsa Eoghan, “mo shlán, nó léan, agus mo dhíth,
nách marbh a rángas i mbearnan mhaol nó i dtig,
sasar thiteas i mbearna gan ghá a d'fhág tnáite tréithlag mí¹,
Ag caitheamh *pills* agus *salts* agus gan spás ag taoscadh dí.

Tiocfaidh thar sáile na táinte dho laocha mear groí,
beidh loingeas agus báid ag trácht na hÉireann díobh.
Gheobhair bhuam do sháth a bhean bhreá na gcraobhfholt mbuí,
ach thar m'ainm ná trácht go brách pé hÉirinn í.

¹ l.s. ‘mí’

N'fheadair na seandaoine a bhí ann lém chuimhne arb é sin nó an “ceo draíochta” an t-amhrán deireanach do dhein Eoghan Rua.

Ceo draíochta a sheol oíche chuig fáin mé,
ar an míntalaí a thána chun suain.

Mise á shíorchasadh i gcoillte gan áitreabh,
ar thaobh loch na Blárnan is ea a chuas.

Do shíneas cois claí, cois na blátha,
is lém thaoibh is ea a tháinig sí suas,
an ríbhean ba dheise is dob áille,
dár shíolraigh ó Áideam anuas.

Do bhíogas im chroí istigh lé grá dhi,
is dá dlaoithe a thugas grá searc rómhór,
dá claonroisc¹, dá píp, agus dá gáire,
dá mínleacan álainn gan aon ghruaim.

Dá dlaoithe do, bhí go buí casta fáineach,
Dá d[h]á cín chruinne bláthmhar dheasa chrua,
dá dhianfhaid í an oíche nár chás liom,
a bheith ag síoramharc áilleacht a grua.

An tú Clíona nó Aoibhe nó Áine,
nú an tsíbhean t[h]ar barr chraig aduaidh,

1 l.s. 'claoín-ruisc'

nú an tsíbhean do rug Maois léi thar sáile,
nú an caoinchara ab áille a rug bua.
An tú an tsíbhean go bhfuil t'intinn róchráite,
nú an díth leat mo chairde a bheith i mbuairt,
nú an caoi leat a dh'insint i dtráth dhom,
gadé an tír as á dtáinís-se suas?

Do chlanna míle ón bhfíorscoth ab fhearr mé,
cé gur díbríodh mo chairde chun cuain,
agus thíos i bpoll íogair a ghnáthaím,
cé gur taoibh leac a thánas-sa ar cuaird.

D'fhonn sceimhleadh do thabhairt do bhríogaibh na Blárnan,
do ngeanbhrocaibh álainn go buan,
agus an Stíob[h]aírd a bhíodh seal go fánach,
do chuir ina rí ceart ar na hardaibh úd suas.

A spéirbhruinneal maorga na ndlaoithe,
tabhairse spás mí dhom nú dhó,
go raghad seal ag féachaint mo mhuintir,
go bhfeicfead gach ní a chuir i gcomhair.

Mo scéaltha dhom dhaolta go n-insfead,
is mo haon bheannacht choíche a thabhairt dóibh,
mo léirchur age daolaibh fí líogaibh,
má thréigim tú choíche dod dheoin.

A thréanfhir ná tréig mé ar an dtír seo,
agus téanam liom síos go tig an óil,
mar a bhfaighidh tú céad bruinneal mhaorga fí dhraíocht ann,
fí dhaorbhratha síoda agus ról.

Beidh pléisiúr gach lae agat is oíche,
beidh féasta agat, rince agus ceol,
agus céile más méan¹ leat chuig luí léi,
in Éire a bheith críonna, beir óg.

Do réimear léna chéile, is gach pointe,
in éirim gan scaoileadh go deo,
go raibh fíorchiumhais an lae ag teacht ár dtimpeall,
na héanlaithe ag síorsheinnt ceol.

Thug sí féachaint rónéata óna croí orm,
a léirghoin mé lé síoda thar feor,
mar bhréagaibh ar véarsaí na hoíche,
dá béilín deas mín do thug póg.

Nuair a dheineadh Eoghan Rua amhrán, bhítaí ag moladh an amhráin.

1.i., 'méin'

*Down by Recreation*¹

Down by recreation, is gan éinne beo ár gcuileachtain:

By the banks of Néadain ag éisteach léna binneas guth²,

I spied a comely fair maid, ba néata agus ba dheise croth,

So she spied and like an angel, ina haonar, agus í ina siopa istigh.

Agus a b[h]ean na stocaí bána, is gur breá liom a bheith id chuileachtain.

I asked her who her father was, is é dúirt sí gurbh é an ministir,

I knew I stood in danger gur bhaolach dúinn go bhfeicfí sinn.

I whispered quite and easy³, is é a dúirt sí lig 'od bhreacaireacht,

ná bíodh ort aon iontas ná gur liom a bheidh tú ceangailthe.

For two or three months after, ar mo thaisteal dom sa mhainistir:

I was suddenly alarmed, nuair is siúd chugham Sergeant Halloran.

“Ar! My lad, I have an order, chun tusa a thógáilt ceangailthe.

For the damage you have performed go bhfaigheadh sí sásamh ann ón mbarrister,

agus a bhean na stocaí bána, gur bhreá liom a bheith id chuileachtain.

And I was sent into headquarter, go ngeobhainn fí lámh an bhearstair:

For I was well-mounted and well-guarded nú gur scaoil sí féin na glasa dhíom,

I promised him a farm nuair a bhíomair araon ag súgradh.

¹ ‘One Day for Recreation’ a thugtar uaireanta eile ar an amhrán seo, agus is é a baisteadh, leis, mar theideal ar cheirnín leis Na Filí, .i., Seán Ó Sé agus Peadar Mercier. Ní haon díol mór suntais é más ea go bhfuil leagan den amhrán céanna ar an gceirnín úd a d’eisigh Circa Records sa bhliain 1978.

² l.s. ‘bine-scol’

³ l.s. ‘asey’, ag léiriú fhuaimniú an fhocail Bhéarla.

Star about Killarney, do bheimíst fós i Mucros,
agus a bhean na stocaí bána, gur bhreá liom a bheith id chuileachtain.

Do bhíos-sa lá i gCill Airne¹, agus níor ghnáthaí ná i gCill Chainnigh² mé,
bhí babhlaí *punch* ar chlár againn, is lán an tí do bhruinneallaibh,
is é a dúirt an ceann ab fhearr acu, go mb'fhearr léithi mise aici,
ná siúinéirí na Spáinne ag cuir plánaí suas le cuilteanna,
is a bhean na stocaí bana, gur bhreá liom a bheith id chuileachtain.

¹ Nod, gan dabht, d'amhrán níos cáiliúla dar theideal 'Bhíos-sa Lá i bPort Láirge', é curtha amach ag na Caisidigh ar an album Platinum a d'eisigh Gael Linn ar dtús in 1997 uathu dar theideal 'Oró na Casaidigh – Irish Childhood Songs'. D'eisigh Gael Linn leagan de 'Bhíos-sa Lá i gCill Airne' chomh maith áfach, agus é sin le fáil ar an albam 'Idir Cúm Thóla agus Cúil Aodha' le Seán Ó Sé agus Peadar Ó Riada mar chuid de cheolchoirm inar thug an bheirt oirfideach taispeántas ag Ionad Cultúrtha Bhaile Bhuirne sa bhliain 2005.

² l.s. 'Choinni'

448. *Age bun na cruai*che a cuireadh chun féir mé

18.3.45¹

CBÉ, 968: 198

Bhí fear ansan ar dtaobh thoir do Dhaingean fadó. Bhí paiste breá talún aige. Ba mhaith leis an dtiarna go mbeadh sé fachta age duine éigint eile. Do dh'aistrigh sé sin suas sa chnoc, agus bhí sé ina thrua Mhuire thuas ann, ach do dhein sé amhrán, agus nuair a chualaigh an tiarna an t-amhrán, do fuair sé a chuid fhéin aríst. Do ghoin an t-amhrán comh mór san é. Ach níl agamsa ach dhá cheathrú dho.

“Age bun na cruai

che a cuireadh chun féir mé,” arsa é sin,

“i gCom an Áir i lár an tsléibhe amuigh,

ní dh'íslím ar an mÍntír in aon chor,

agus nílim socair chun codlata a dhéanamh.

Mo shlán fé thrí chuig buíon mo chéile,

chuig na bhfir chalma [sic] nár bheartaigh in aon chor,

d'imridís báire go rábach tréitheach,

is thugaidís a gcúl lé cúrsa an lae sin.

A Chill Ghobáin, ochlán cléibhe ort,

mar is róbhreá an bile atá coigilte i gcré ionat,

siriam giuistís, fear cúinsí a réiteach,

agus máistir prionsa nár chúl gur éag sé.

Ní suí chun bídh¹ a dheineadh ár laoch mear,

¹ Ní luaitear an dáta sa lámhscríbhinn, ach is é 18.3.1945 an dáta a luaitear leis an mír seanchais roimhe agus ina dhiaidh leis an toradh nach miste talamh slán a dhéanamh de gur ar an dáta a céanna a taifeadadh an mhír seo chomh maith.

tréis a dhá aifreann blasta do léamh ann,
ach dul 'on 'leán ag iomáint agus ag piléireacht,
ba róbhreá é a phoc, báire as a dheasláimh ghléigeal.

Abha an Londraigh

Bhí Abha an Londraigh álainn ó Bhearna na Gaoithe,
an ghamhain mórdtimpeall chun Trá Bige siar,
mar a mbíonn an breac geal is an bradán² is an scadán sna líonta,
an rón ar an dtalamh ann marbh tréis oíche.

Bíonn an *colonel* ó Chorcaigh, is an rudaire ó Dhuibhneach,
ag fiach léna taoibh agus scafaire an cheoil,
bíonn bláth bán ar chrannaibh lá Earraigh is geimhridh,
branda agus fíon ag críon agus ag óg.

¹ l.s. 'big'

² l.s. 'bradán burdán'

449. *Bainne an ghabhair bháin*

8.4.45

CBÉ, 968: 371-374

Bhí fear ón mbaile seo tréis teacht ó Uíbh Ráthach, agus bhí sé ag eachtraí ar f[h]ear a bhí in Uíbh Ráthach. Do thug sé a chuid don tsaol suas dá mhac, agus ní fada a bhí nuair a chaith an mac amach é. Chaith sé dul i mbotháinín beag leis féin. Ní raibh éinní aige ansan, ach amháin gabhar. Ní raibh aon áit aige go gcuirfeadh sé an gabhar, fiú amháin, is do dhein fear ón mbaile déirc air. Thug sé féar don ngabhar.

“Mo mhallacht do bhéarfainn, d’éinne a bheadh ar mo shlí,
do bhronnfadh a shaol ar éinne a mhairfeadh dá chlaíomh,
ná coinneodh rud éigint do fhéin sara dtiocfadh an aois,
sochas a bheith i mbotháinín aonair, is gan braon aige a fhliuchfadh a chroí.

A fhir úd thall a bhí ceannasach cneasta led mhnaoi,
mar is measa dhuit bhuait í go mór ná a maireann dod bhuíon,
mar nuair a bheidh tusa trom go fonn, lag ar leabaidh do luí,
beidh sí gach am aged cheann, ag bogadh na dí.

A Phádraig Uí Shé, ní baol ná go dtuigis mo chás,
do thugais-se féin féar dom fhéin le tabhairt dom ghabhar bán,
ar an bhFaiche¹ mhín ghléigil mar a raibh féar ann, agus aiteann ag fás,
agus hocht lá ina dhéidh sin, do scéithigh sí muga trí gcárt.”

Ba mhaith é.

¹ l.s., ‘bhFatha’

“Age bun chnoic an tí ann, do bhínnse sealad go sámh,
do dhíolainn mo chíos trí mhí shara dtagadh an lá,
go raibh bacaigh na hÉireann ag teacht chugham lena gcaintíní stáin,
ní ghlacfaidís déirc bhuam, gan braon do bhainne an ghabhair bháin.

Tá ceathrú eile ná fuil agam, ach smut do¹:

Tá na cearca insa chrann, níl dabht ná go bhfuil fán ar na huibhe,
is nách aimlite dall é namhaid fir ar easnamh mná tí.

¹ Mar seo a leanas a láimhseáil Peaidí “Mhárthain” Mac Gearailt an cheathrú chéanna sa leagan den amhrán a chan sé mar chuid de Chorn Uí Riada 2015:

“Tá an baile seo bodhar agem ghabhar ó d’imigh sí i ndísc,
tá na cearca sa chrann, is níl baolach ná go bhfuil scaipeadh ar na huibhe.
Tá an leabaidh fém dhrom, gan dabht, is níor bogadh le mí,
is nach aimlithe dall é an amhltair atá in éagmais mná tí.” (Mac Gearailt, 2015)

450. *Bean an duilisc*

6.1.45

CBÉ, 967: 155-157

Bhí buachaill fadó thíos insa Leitriúch. Bhí sé ag gabháilt d'fheamnaigh, agus nuair a tháinig sé abhaile istoíche, bhí sé fliuch salach. Shuigh sé cois na tine. Bhí sé ag deargadh pípe.

“Tréis teacht abhaile dhom, ag reacaireacht lé hÚna,
do shuíos cois na tine, agus do thairrigíos chugham mo chiúrtach¹,
do chrith an t-aer sa talamh is na carraigeacha gur mhúscail,
mheasas gurb í an Mhuclach² a caitheadh chugham sa chúinne.

Do chrith an tig im thimpeall le sceimhle mar do léimeas,
n’fheadar cad é an tír gur dhíon dom féin déanamh,
do bogadh an seanadharta, agus na hadharca don mboin bhléineann³,
is mara mbeadh an fhoithin a bhí aige,
Gearóid do bheadh an chomhra inniubh dá dhéanamh.

Do ritheas chun an doiris, ambasa is dom nárbh ionadh,
an doras, ní fhéadfainn d'oscailt, mar bhí anaithe ar mo shúile,
nuair a dh'éirigh Neora ar maidin is gan uirthi ach amháin a léine,
nuair a chonaic sí an *dresser* sínte, is na *janies* trína chéile,
do chas sí a hologón lé brón i ndeabhaidh an *té-pot*.

“Éist, arsa Gearóid, “ná bíodh brón anois dá thaobh ort,

1 .i., 'ciúrach'

2 l.s. 'Mucalach'. “Carraig i mbáidh Thrá Lí” a deir an Dálach linn ina thaobh, agus go deimhin, is í an fhaisnéis chéanna a thugann An Seabhac dúinn i dtaobh an logainm, agus an seanfhocal “d’íofadh sé an Mhuclach” á chur ar fáil aige in *Seanhfocal na Mumhan*: “Carraig mhór i Cuan Thrá Lí is ea an Mhuclach” (2007: 34). Tá sé cloiste i mBéarla leis agam i gceantar an Leasa Tuathail – “I’d eat Muclach”, srl.

3 “Istigh sa tig a bhí an bhó” a deir an Criomhthach i leataoibh linn.

mar beidh an t-ádh go deo orainn, is nár seoladh sa spéir sinn.

Ná cíonn tú mo bhród, is é go deo anois gan aon mhaith,

gur maith an píosa corónach, a dhíolas as é a dhéanamh.

An bord a dhein na Brúnaigh, mo thuirse ag tabhairt an fhéir iad,

mar bhí sé daingean dúnta, agus a shiúntaí gan aon locht,

á mbeadh tóirneach á shéideadh, agus piléir gunnaí móra,

Gorman agus Helen¹ a bheith ag seimint *fife* is trumpa.

do bhuafadh bean an duilisc orthu ag broimnigh sa chúinne.

¹ l.s. 'Helan'

451. *Buachaill ón Sráidbhaile*¹ *i mBaile Uí Sháithil*²

[?].1.46

CBÉ, 979: 181-183

An bhfuil a fhios [agat] cail Baile Uí Sháithil? Is ea, i Luimnigh athá sé, mar bhí garsún liomsa ag obair ann. Bhí buachaill fadó i mBaile Uí Sháithil. Buachaill ón Sráidbhaile ab ea é. Bhuaile sé breoite:

“A Dhia ghil,” a dúirt sé, “go ré³ tú gach cás dom,
go dtabharfair mise ar mo shláinte gan moill,
ó seoladh mé imithe i bhfad ó mo chairde,
is me ar bhóthar Bhaile Uí Sháithil go tinn.

Más ansúd a gealladh an bás dom,
caithfeadsa a bheith sásta le Críost,
agus go mbéarfaidh liom groí Miongáin mo thásc leis,
go dtím charaid atá i Sráidbhaile an Ghrinn.

Is mó suaircfhear gur trua leo me sínte,
ó bhun Leamhaine⁴ go Tiarnas na gCraobh,
dá n-abrainn go dtí Barra na hÍne⁵,
mórdtimpeall go taobh Locha Léin,
ná fágfadh in aon teampall nár chaoi dhom,

¹ “Sráidbhaile insa Leitriúch” a deir SÓD linn.

² I.s. ‘Bailíheáithil’ tríd síos. Tá an nóta seo a leanas le fáil faoin iontráil ‘Baile Dhá Thuile’/‘Ballyhahill’ ar logainm.ie: “Baile Dhá Thuile an fhoirm oifigiúil ó 1969, ach de réir na fianaise stairiúla ba cheart Baile Uí Sháithil, ‘the town of Ó Sáithil’. Féach Downesahell in Peyton Survey 113 (1586), ainm nach maireann ach a bhí sa chomharsanacht seo; féach freisin Huí Sathgil (in Genelach Hua Conaill Gabra), Corpus Genealogiarum Hiberniae I 388, agus Onomasticon Goedelicum 678. Tá baile fearainn eile i gcontae Luimnigh den ainm Baile Uí Sháithil/Ballyhahill” (<http://www.logainm.ie/ga/32192>). Táim buíoch do Phádraig Ó Cearbhaill a chuir an iontráil seo ar mo shúile agus sinn i mbun comhrá le linn ‘Tionól’ Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath ar an 18 Samhain 2016.

³ .i., modh foshuíteach an bhriathair ‘réidh’.

⁴ Tá abhainn go dtugtar ‘An Leamhain’ mar ainm uirthi i mbarúntacht Mhaigh gCoinchinn, Co. Chiarraí.

⁵ Luaitear an áit chéanna san amhrán ‘Cailín a bhí ag bearradh caorach i gCill an Ghoirtín’, Bailiúchán na Scol, 467: 78.

is gan éinne dom charaid sínte lém thaobh.

Do thógfadh mo chomhra dá mbeinn mí ann,

is iad na hóigfhir nár claíodh in aon chéim.

Ní bheadsa singil, beidh cuileachta b[h]reá taobh liom,

nuair a bhaileod lena chéile mo bhuíon,

nuair a t[h]iocfaidh na naoi Muiris in aonacht,

dom chine-se, do thréanfhearaibh groí.

Beidh a thuilleadh acu im choinne cois na féile,

is é Donncha tréanfhear mo chroí,

agus gasra do bhruinnealaibh néata,

ó S[h]liabh Mis go Ráth na nÁth mBuí¹.

Don ngleann so do thugaimse an barra,

sara bhfeaca ná ar tharlaigh dom fós,

mar is ann atá na comharsain soineanta grámhar,

dá bhfeaca as cionn aon chláir i dtig an óil.

Mar is fíor gurb é easpa na sláinte,

do chuir mé go brách óna dtreo.

Domhan² pingin do nár thuilleas ná gur fhágas,

is tá tuille ó bhun na dáile³ orm féin fós.”

¹ “Tá Ráth na hÁth mBuí thíos insa Leitriúch,” a deir SÓD linn.

² Úsáid fhriotalfhocail á baint as an bhfocal ‘domhan’ anseo, de ghrá gan an focal ‘diabhal’ a rá.

³ “Ní fheadar cén bhrí atá le ‘ó bhun na dáile’”, a dúirt an Criomhthanach.

452. *Dá mbeifeá agamsa cois abha caoile*

14.1.45

CBÉ, 967: 227-233

Bhí gabha geal fadó in Abha Caoile, pé áit go luíonn sé¹. Bhí deichniúr mac aige, agus ceathrar iníon. D'imigh an fear críonna acu, agus n'fheadair siad cá dtug sé a aghaidh. Ní raibh aon scéala ag teacht bhuaidh, agus é imithe ar feadh i bhfad. Ach do ghaibh fear siúil an tslí oíche, agus do fuair sé lóistín i dtig an ghabha. Bhí sé ag féachaint ar na buachaillí.

“An libh fhéin iad san ar fad?” arsa é sin.

“Is ea mhuisse,” arsa an mháthair.

“Is breá na buachaillí iad,” arsa é sin, “bail ó Dhia orthu.”

“D'imigh an té is fearr acu bhuainn mhuisse,” arsa í sin, “ní bhfuairéamair aon tuairisc air ó dh'imigh sé.”

“Sin é fé ndeara dhomhsa a bheith ag féachaint orthu san,” arsa é sin, “comh siúráltha is táim anso, is é atá ina leithéid seo 'o bhaile mhór. Do tháinig sé ann lé déanaí, agus tá sé ag obair ina ghabha geal ann, agus na daoine ana-bhaoch do.”

Bhí iníon dóibh ag éisteach leis. Ar maidin lá arna mháireach:

“Dein suas lón dom,” arsa í sin léna máthair, “agus baileoidh mé liom, agus geobhaidh mé amach é.”

Nis sé dhóibh cad é an baile mór go raibh sé. D'imigh sí uirthi, agus bhí sí ag imeacht uirthi riamh ó choíche gur bhain sí amach an baile mór. Nuair a bhí sí ag dul isteach go dtí an baile mór, bhí sí ag éisteach fhéach an gcloisfeadh sí an cheártain ar siúl. Níor chualaigh. Chuaigh sí isteach i dtig beag a bhí ar imeall an bhaile mhóir. Do bhí bean istigh ansan roimpi. D'iarr sí a bheith istigh. Dúirt sí go bhfaigheadh, agus fáilthe. Dhruid sí suas, agus ní fada a bhí nuair a tháinig bean eile isteach.

“An raghaidh tú go dtig an choirp?” arsa í sin.

“Do raghainn dá bhféadfainn, ach is oth liom ná féadfainn dul ann. Ní maith liom í seo a

¹ Dealraíonn sé gur i gCill Fhlainn, Co. Luimnigh a luíonn sé: <http://www.logainm.ie/en/1415545?s=Abhainn+Chaoil>

dh'fhágaint ina haonar. Mo ghraidhin é, is breá an lá dho a bheith imithe,” arsa í sin.

Is ea, ní maith an tsonuachar a bhuail leis. Is é an trua é a bheith imithe. Ba é an fear áisiúil é chun aon rud a theastódh a dhéanamh. Bhí sí ag éisteach leo, agus cheistigh sí iad, agus dúradar léi gur gabha ab ea é a bhí tagaithe san áit chéanna léi déanaí, cúpla bliain ó shin.

“Raghadsa amach libh go tig an choirp,” arsa í sin.

D'imíodar orthu triúr acu, agus, cloiseann tú go minic, “tá sé fé chlár.” Cad fé ndeara é sin? “Fén mbord” a bhídís¹. Tá an focal ó shin ann. Nuair a chuaigh sí isteach, do bhreithnigh sí isteach fén mbord, agus do d'aithin sí é. Dhruid sí sall.

“Go mbeannaí Dia anso sibh,” arsa í sin, “Muire, agus Pádraig.

Mara mbeanóinn, mise, an cailín cráite
nár tháinig riamh ag féachaint t'áite,
agus foríor dealbh, mar is marbh a rangáis.

B'fhuirist aithne² ar theacht fí an sráid dom,
nuair nár chuala fuaime do cheártan,
ag tarrac an oird go lúfar láidir,
gurbh amhla a fuaireas fuar fí chlár tú.

A dhriotháir ó, a stór, is a thaisce,
is fuirist aithne dhomhsa rian na drochmhna ar do leacain,
uireasa an éadaigh agus céalacan fada,
a dh'fhág mo dhriotháir dílis lag sínte marbh.

Bhí an sagart i dtig an choirp.

¹ c.f. FGB mar a bhfaightear san iontráil faoin gceannfhocal ‘clár’ an abairt seo a leanas: “**go dté mé faoi chlár**, to my dying day.”

² Chuir SÓD nod isteach lena thabhairt le fios gur 'aithint' a bhí i gceist.

“Éist, éist,” arsa an sagart, “a bhadhbaire caile.”

“Éist féin,” ar sise, “a rábair sagairt,
tuill do scilling, agus téir abhaile,
mar caoinfeadsa fhéin mo dhriotháir ó go maidean.

Dá mbeifeá agamsa,” arsa í sin, “cois abha caoile,
cois abha bige, nó cois abha Bríde,
do ghoilfeadh Máire ort, Cáit, agus Síle,
agus do naonúr driothár, do ghoilfeadh ó chroí ort.

Do ghoilfeadh t'athair go fíorbhinn ort,
agus do ghoilfeadh a thuilleadh ort do mhná coinleacht,
do mháithrín féin gur thál a cín¹ ort,
agus dar ndó, ní ligfinnse barra na slí leo.

A bhean úd thall go bhfuil ort an síoda,
ná tiocfá anall, agus t'fhear a chaoineadh,
fear do gheobhaidh tú, mar a mbeir críonna,
ach driotháir ní gheobhadsa go deo ná choíche.”

Is amhla a bhí an *lady* cois na tine, is í déanta suas ag déanamh cleamhnais.

“Cá bhfuil an chaile gurb ainm di Síle,
go raibh a cos ar a leathghlúin aice i dtosach na hoíche,
bhí cos ar a leathghlúin aici, agus í ag tarrac a pípe,
í ag déanamh cleamhnais ar a croí díchill.

1 l.s. 'chín'

Mo dhianghrása fear an tí seo,
fear do chuirfeadh cleith scol agus díon air,
gur mac gabha gile é ó Chois Abha Caoile.

A dhriotháir ó, a stór is a thaisce,
is mithid domhsa triall abhaile.
Ag insint dod mháthair, agus fós do t'athair,
go raibh gol mná aonair aréir ar a leanbh.

Labhair sé féin fén mbord.

“A dhriofúr uasal,” arsa é sin, “na gcuacha geala,
fan go fóill, agus suigh im aice,
go bhfaighidh mé srian, iallait, agus capaill,
agus beimid araon in aonacht abhaile.

Is amhla a bhí sé ag ligeant air go dtriallfadh sé go maith an mháistréas. Níor mhaith an earra lé
triall í. D'imigh sí abhaile ina theannta, is níor fhéach sé as san amach uirthi.

453. *Do bhíos-sa lá i Mala, is mé ag ól punch*¹

4.1.45

CBÉ, 967: 146-149

Bhí buachaill ann fadó, agus bhí sé ag dul go Mala lé trí hualaí cuirneacht. Do loirg sé costas an bhóthair ar a mháthair is é ag imeacht, go mbeadh deoch acu.

“Níl éinní agam,” arsa í sin, “ach beidh do dhóthain agat nuair a dhíolfair an chuirneacht.”

“Bheadh san rófhada,” arsa é sin.

D'imíodar orthu, agus d'imigh sé rompu, agus iad ag déanamh isteach ar Mhala. Chuaigh sé isteach go tig ósta, agus d'fhiarthaigh sé dhon gcailín óg a bhí istigh sa tig ósta, an bhfaigheadh sé an deoch bhuaithi.

“Do bhíos-sa lá i Mala, is mé ag ól *punch*,

lé gasra do mhnáibh óga lém thaoibh,

do ráingíos gan airgead im póca,

ná súil lé puinn stóir ó bhean an tí.

Is é a dúirt sí, “gheobhair branda do dhóthain,

glacfar do phóg bhuaith mar dhíol”

Do ritheas ina coinnibh, lé mórtas,

is bíodh ar mo mhalainn, go dtóg sí mo chroí.

Nuair a chímse an ghloine dhá líonadh,

na buachaillí ag suí chuig a chlár,

comh hard suas le frathacha an tí,

is ea do dh'éiríonn mo chroí lé luacháir.

¹ c.f. CBÉ, 1716: 368-370.

An té nár dh'ól riamh a scilling, is nár dhíol í,
is ainnis a bhíonn sé lá a bháis,
is fí thuairim gur buan fada a chífear,
na buachaillí a líonadh lán.

“Ba mhaith an rud ‘uit cnagaire,” arsa a mháthair,
“mhuisse, léan air mar chnagaire gránna,” arsa é sin,
“ní bhfuairéas aon tsásamh ann riamh,
mara dtabharfainn do leanbh ina láimh é,
do leanfadh an tsráid mé soir siar.

Ba bhreá liom a bheith á thomhas chugamsa ina chártaibh,
is é a chuir ar an gclár go breá fial,
go n-ólfainn gloine mar chách do,
agus sláinte na sárfhear ina dhiaidh.

Tá scéilín beag nódh agam lé n-insint,
is ní foláir liom nách é a scaoileadh ins gach áit,
is dos na sárfhir¹ ab fhearr liom a bheith á dh'insint,
ba ghnáthaí ina suí ag bun an chláir.

Go bhfuil an fuiscí gach lá ag dul i saoire,
agus áthas mo chroí ormsa á bharr,
go bhfaighimid mórcháirt ar thoirtín² do,
agus cairde trí mhí chun a reicneáil.

¹ l.s. 'shárfhir'

² .i., an uimhir 'thirteen'.

Anois, ó thit sé comh mór san,
ní foláir dúinn é thuas ar cheann cláir,
agus suíochán breá ard chughainn nó fuarma,
ó mhaidean Dé Luain go dtí Máirt.

Mo chairde a bheith lámh liom fí shuairceas,
níorbh fearr a bheith ag cruachadh an sparáin,
cad é an gnó¹ a bheith ag trácht thar aon bhuaireamh,
ach mo ghrása, an *jug*, mór is é lán.

Nach róbhreá an t-oideas dochtúra,
an fuiscí breá cúrtha a bheith saor,
mar tógann sé an ceo agus an brón dín,
is deineann sé súpach gach n-aon.

An tseana-bhean a bheadh lé seacht mbliana insa chúinne,
caite tinn tuirseach i bpéin,
nuair a dh'ólfadh sí lán a leathphiúnt do,
dob fhada, agus ba lúfar é a léim.

1 l.s. 'ghnó'

454. *Fear do mhuintir Laoithe i Macha an Mhíl*¹

[?].2.48

CBÉ, 1035: 450-451

Is dócha go bhfuil a fhios agat cail Macha an Mhíl sa Leitriúch. Tá sé ar dtaobh thuas don dTír². Bhí fear do mhuintir Laoithe ann, agus chuir sé fé i Macha an Mhíl. Dhein sé bothán tí chun maireachtaint ann. Tháinig cailín ó M[h]eiriceá, agus thug sí céad agus fiche punt do. Thánadar go Clochán ansan, agus chuaigh sé féin agus í féin go Meiriceá aríst. Bhí amhrán ann. N’fheadar cé a dhein é.

“Is é Seán Ó Laoithe an scaire is an buachaill álainn tairbheach,
chuir sé roimis maireachtaint ar bharra Mhacha an Mhíl,
anall ó Dhaingean Uí Chúise, do shocraigh Seán an dúiseacht,
do tháinig chuige an chúileann anall ó Hollyoke.

Do thug céad is fiche punt chuige, agus do chomhairimh ar a ghlúin iad,
phreab Seá anonn, agus do thug céad míle póg.
Níor thaithnigh leis an áit sin, gur bhuail sé air a mhála,
do tháinig go Clochán, agus tá sé ann ag díol.”

¹ l.s. ‘Macha an Bhíl’ tríd síos.

² “Baile i bParóiste an Chlocháin” atá i gceist.

Seanfhocail, nathanna, beannachtaí, mallachtaí, rabhchán, agus rannta

455. *Johnny Goslin'*

18.2.45

CBÉ, 967: 501

Bhí máistir scoile ar an mbaile seo¹, tá tamall ó shin. Bhí sé ag eachtraí dhom nuair a bhí sé ina gharsún ag dul ar scoil. Tháinig garsún eile isteach lá ar scoil, agus do labhair sé:

“Johnny Goslin², sent³ me callin' Tommy Goslin',
to go mindin' goslins,
to Tommy Goslin's field”

¹ Is dócha gurb é an Sasanach, Máistir Footcroft, atá i gceist, agus más fíor, tá sé le rá go bhfuil roinnt de bhéaloideas beo Shasana tríd an seanchas ag Seán Mac Criomhthain agus i gcartlann Choimisiún Bhéaloideas Éireann dá bharr sin.

² c.f. an ceannfhocal 'góislin' in FGB, a dtugtar 'gosling' mar chomhchiallach Béarla air.

³ l.s. 'sint'

456. *Rabhcáin I*

[?].2.48

CBÉ, 1035: 354-355

“Cad atá thiar ort?”

“Tá bean.”

“Cá raghair léi?”

“Táim á díol.”

“Bean dá dhíol, agus í go maith,

huth uth ó, mo chreach.”

Comórtaistí leanbh

Bhíodh páistí a d’iarraidh iad so a rá comh minic agus ab fhéidir leo gan a n-ineáil a tharrac:

Thomhaiseas mo phic is mo phota is mo p[h]íosa,

le pic is le pota, is le píosa mhná an mhargaidh.

Ba mhó mo phic is mo phota is mo phíosa,

ná pic agus pota agus píosa mhná an mhargaidh.

Bhí ceann eile acu:

Dhoirt cearc uisce muga uisce cois chois an chomhra.

Agus ceann eile:

Is bog an fód é seo féin chois,

ní boige é ná an fód is giorra dho,

fód bog idir dhá bhogfhód,

bog fód agus fód bog.

457. *Rabhcáin II*

[?].2.46

CBÉ, 979: 267-268

Contae an Chláir na bláthaí géire,
contae Chorcaí is gortaí in Éirinn,
agus contae Chiarraí, ag fiarthaí a chéile.

Táim gan im gan ór,
táim gan bhó gan bhainne,
tá mo ghabhar sa phóna,
age Diarmuid ‘ac Dónaill ón Screallaigh.

Ní bheadsa mar seo níosa mó,
ceannóidh mé bó agus capall,
beidh im aige Síle i gcróca,
is geobhadsa mo dhóthain bainne.

Teabharaileail, teabharaileail deá,
teabharaileail, teabharaileail, deaildí,
teabharaileail, teabharaileail, deá,
Seán is a bhrístín leathair.

458. *Na trí rud ba rathúla*¹

4.3.45

CBÉ, 968: 64-65

Dúirt na seandaoine gurb iad na trí rud ba rathúla a bhí le fáil: “tig i lúib, ba dubha, agus bean mheirgeach.”

Agus trí rud eile a bhí míráthúil: “tig ar ard, bó bhán, agus beán bhreá.”²

Dhá rud eile nach féidir a thoghadh: “bean Dhomhnaigh nó bó aonaigh.”

¹ Ba é ‘seanchas’ an bunteideal ar an méid seo sa lámhscríbhinn.

² Tá an méid seo le fáil i measc an tseanchais ar na Lochlannaigh chomh maith, c.f. §409 | CBÉ, 1070: 153-184.

Seanscéalta

459. *An tarbh fiain*

25.2.45

CBÉ, 968: 33-37

Bhí feirmeoir fadó ann. Ana-ghaiscíoch fir ab ea é. Is dealraitheach ná raibh aon dlí san am san ann. Do mhairbh sé a raibh d'fheirmeoirí beaga timpeall air, gach aon duine acu, ach aon bhean amháin a bhí ag iompar linbh. Do chuir sé í sin i mbotháinín san áit ba shia bhuidh don dtalamh. Is fada ó bhaile a bhí an talamh aige. Bhí sé ag déanamh go maith ansan, agus ba bhreá í a fheirm. Ach d'imigh sé ag siúl lá, agus do ghaibh sé go dtí an botháinín, agus bhí sé seacht mbliana déag roimis sin ó chuir sé an bhean bhocht chun cónaithe ann.

“Mhuise,” arsa é sin leis fhéin, “n'fheadar an maireann sí.”

Do chuaigh sé isteach, agus do bhí sí istigh, agus do bhí an mac a bhí aici thuas insa chúinne.

“Cad é an saghas 'madáinín é sin agat?” arsa é sin léithi.

“Dhé, mhuise, amadáinín is ea é.”

D'éirigh an t-amadáinín, agus do chroith sé é fhéin, agus a d[h]á shúil a chuir sé tríd, ní mór ná gur leag sé é. Do chrith sé lé heagla. Do tháinig sé abhaile. Do bhí seandraoi aige. Chuaigh sé go dtí an seandraoi. D'eachraigh sé dho mar gheall ar an ngarsún. Dúirt sé go raibh eagla tagaithe aige roimis, gurb é a mharódh é.

“Agus an mbeadh aon tseift agat,” arsa é sin leis an seandraoi, “cad a chuirfeadh chun báis é?”

“Féadfair dul chuige aríst,” arsa an seandraoi, “agus ábhar airgid a thabhairt do, agus a rá leis dul 'on choill ag triall ar t[h]arbh athá ann. Níl aon bhaol ná go socróidh an tarbh san leis.”

Do chuaigh an feirmeoir chuige, agus dúirt sé leis go ngeobhadh sé iarracht airgid bhuidh, ach dul 'on choill agus an tarbh a bhí ann a thabhairt leis. Do dh'imigh mo 'mhadáinín, agus do dh'imigh sé fé dhéin na coille, agus do bhain sé maide sa choill a dhéanfadh fráma doiris duit. Bhain sé dho na slapair, agus do dh'imigh sé fén gcoill. Níorbh fhada go gcuala sé an tarbh ag béicigh ag déanamh

air. Do bhuail sé san adhairc é, agus do bhris sé an adharc. D'iompaigh an tarbh timpeall, agus ar iompó timpeall do, do rug sé ar earball air. Do thug sé stiall fés gach aon taobh do. Do thiomáin sé roimis é go dtáinig sé go tig an fheirmeora.

“Sid é an tarbh anso,” arsa é sin.

“Ó, fág ansan é,” arsa an feirmeoir.

“Ó, ní dh'fhágfaidh mé,” arsa é sin, “níor chuiris mar mhargadh ormsa ach é a thabhairt liom.”

Rug sé fhéin an tarbh leis. Do mhairbh sé é. Bhain sé an croiceann do. Do bhí feoil aige. Chuaigh an rí go dtí an seandraoi aríst.

“Is ea,” arsa é sin, “tá an talamh déanta aige ar an dtalamh. Is baolach go maróidh sé mé. An mbeadh aon tseift eile agat?”

“Níl,” arsa an seandraoi, “ach tá collach fiain i gcoill eile. Á bhféadfá é a bhreabadh chun dul ag triall air, ní bheadh aon bhaol ná go stollfadh san as a chéile é.”

Chuaigh sé chuige aríst, agus dúirt sé leis go raibh collach ina leithéid seo 'o choill, agus dá dtabharfadh sé leis é, go dtabharfadh sé ladhar mhaith airgid do. Do dh'imigh mo mhadáinín, agus a mhaide, agus nuair a chuaigh sé isteach 'on choill nuair a fuair an collach a bhalath, do dhein sé féna dhéin go dian. Má dhein, do bhuail sé sa chaincín é, agus do bhris sé a chaincín. Do chuir sé ag lúirigh é. Do rug sé ar earball ansan air, is do thiomáin roimis é go dtáinig sé go dtí doras an fheirmeora.

“Sin é an collach ansan,” arsa é sin.

“Ó, is é,” arsa an feirmeoir, “fág ansan é.”

“Ní fhágfaidh mé,” arsa é sin, “níor chuiris mar mhargadh orm é a dh'fhágaint agat in aon chor.”

Do thóg sé leis abhaile é, is mhairbh sé é.

“Is ea,” arsa a mháthair leis, “is amhlaidh athá sé sin a d'iarraidh go socródh sé leat fé mar a shocraigh sé lé t'athair.”

“Cad ’tánn tú ag rá?” arsa é sin léna mháthair.

“Tá san a d'iarraidh go socródh sé leatsa fé mar do shocraigh sé lé t'athair, agus leis gach éinne eile a bhí timpeall.”

Thairrig sé lé clabhta baise uirthi.

“Canathaobh ná dúirís é sin fadó liom?” arsa é sin.

“Tá seandraoi aige sin,” arsa í sin, “atá ag insint gach éinní dho a chuirfeadh tusa chun báis.”

“Ní fada bhuaidh,” arsa é sin.

D'imigh sé air go fuadrach, agus nuair a chuaigh sé go dtí tig an fheirmeora, d'fhiarthaigh sé dho dhuine dos na seirbhísigh amuigh cá raibh an seandraoi. Stiúraíodh é ar cá raibh an seandraoi. Do chuaigh sé isteach, agus do rug sé ar dhá chois ar an seandraoi, agus do thóg sé leis é, agus do chuaigh sé isteach go dtí an bhfeirmeoir, agus do shmiot sé an seandraoi ar an bhfeirmeoir, agus do bhí sé ag gabháilt ar an bhfeirmeoir leis an seandraoi, b'shin é an t-arm a bhí aige, greim ar dhá chois aige ar an seandraoi gur dhein blúiríocha dhóibh araon. D'imigh sé abhaile, agus ar a bhais a thug sé a mháthair suas go tig an fheirmeora. *Chleanáil* sé gach a raibh sa tig, ach na seirbhísigh. Chinnibh sé na seirbhísigh.

Nách deas a tháinig sé suas leis.

460. *An sagart ag goid na muice*¹ II

26.11.44

CBÉ, 966: 296-302

Bhí beirt driothár ann fadó. Bhí talamh age duine acu, is ní raibh aon talamh age duine eile acu. An té go raibh an talamh aige, bhí sé ana-mhaith dhon driotháir bocht. Ach bhí bean ag an ndriotháir bocht, is ní réifeadh na haingil léi. Bhí sí comh tarcaisneach, comh neamaitheach do bhean is a bhí ag caitheamh éadaigh.

“Bhuel,” arsa an driotháir bocht leis an ndriotháir saibhir, “caithfidh mé an áit seo a dh'fhágaint, ní fhéadfadh sibh seasamh lém b[h]ean. Tá sí rótharcaisneach ar fad.”

“Á! Ná bac san,” arsa an driotháir.

Ach fé cheann tamaill, do bhí talamh in airde tamall maith ó bhaile.

“Tógfaidh mé a leithéid seo ’o thalamh duit,” arsa an driotháir a bhí go maith as.

Do thóg sé an talamh dóibh, agus do dh'aistrigh sé ann, agus bhí sé ag déanamh ana-mhaith ann, ach bhuaill sé breoite, agus bhí sé ana-shuarach ar fad. B'fhearr leis go mbeadh an driotháir ina theannta. Do chuir sé teachtaire ag triall ar an ndriotháir. Do ghluais an driotháir, agus bhí sé ag cuir tuairisc na háite. Bhí gach éinne á stiúrú. Ach nuair a tháinig sé ansan i radharc an tí, stiúraíodh é, agus dúrthas leis go raibh ana-chóngar ag dul go dtí an dtig sin, ach go raibh abhainn roimis. B'fhéidir ná féadfadh sé í a chuir do. Thug sé fén gcóngar. Nuair a tháinig sé go dtí an abhainn, do bhí fear ansan roimis, agus slat iascaigh aige. Bhí sé tréis lá mór báistí a dhéanamh. Do labhair sé leis an bhfear, agus d'fhiarthaigh sé dho cá raibh a leithéid seo ina chónaí.

“Mise é sin,” arsa an fear, “gadé an cúram atha agat díom?”

¹ c.f. ATU 1792 A. Dealraíonn sé gur leagan den scéal céanna a chuala an scéalaí Seanán Mac Aoidh ó ealaíontóir i dTír na mBascach: “thig liom an méid seo a rá fá dtaobh de, go raibh Julen tuairim is tríocha bliain d'aois nuair a d'inis sé an scéal domh, gur i mBascais, le haistriúchán go Béarla i gcodanna, a d'inis sé domh é agus gur ar mhalaidh shléibhe i gceantar Araba i dTír na mBascach a bhí muid i mí Eanáir na bliana 2015. Ag seanchas ar scéalta agus mhiotaseolaíocht na hÉireann a bhí muid nuair a tháinig a scéal féin aníos sa chomhrá. Scéal a bhí ann fá bheirt dhriotháireacha a rinne socrú eatarthu féin muc a mharú achan bhliain, agus an fheoil a rann eatarthu féin. Tá mé ag déanamh gur “Patxi” a bhí ar dhuine acu. Chuaigh duine de na driotháireacha a fhad le sagart a dh'iarraidh comhairle air. Dúirt an sagart leis an mhuc a chur ar crochadh taobh amuigh den teach agus í a bhaint anuas go moch ar maidin sula musclódh an baile agus ansin ar maidin ligint air gur goideadh a mhuc. Ach faoi choim na hoíche, tig an sagart féin agus sciobann sé ar shiúl an mhuc. Sin an scéal a d'inis sé domh, i mBascais agus i mBéarla” (Mac Aoidh, 2017). Tá taifeadadh fuaime neamhiomlán den scéal seo le clos ar rian uimhir a dó den dlúthdhiosca.

“Tá do dhriotháir ag dul chun báis,” arsa é sin, “agus ba mhaith leis go gcífeadh sé thú.”

“Is fada liom dul go dtí an dtig anois,” arsa an driotháir.

Theaspáin sé an tig do. Bhí an tig míle ón áit sin.

“Téir isteach fé scairt ansan,” arsa é sin, “agus bain díot do chuid éadaigh, agus fágfadsa mo chuid éadaigh ar an bport anso, agus ní fada go mbeidh¹ an tuile titithe. Baileodsa liom. Féadfairse mo chuid éadaighse a chuir ort, agus dul go dtí an dtig, agus beirídh libh an capall amáireach tú féin is mo bhean.”

Sin é mar a bhí. Do chuir sé éadach an teachtaire air, agus bhailimh sé leis. Is gairid go raibh fuacht ag teacht ar an dteachtair. Dúirt sé leis fhéin go raibh sé comh dealraitheach leis an bhfear eile chun dul trasna na habhann. Scaoil sé fé, agus leagadh é, agus scuab an tuile lé fánaidh é, agus do bád é. Nuair a bhí an oíche ag teacht, ní raibh sé ag teacht abhaile. Chuathas ar a thuairisc. Fuarthas a chuid éadaigh ar an bport. Imíodh lé fánaidh á lorg, agus fuarthas thíos ag an dtráigh é, agus é báite. Tugadh abhaile é, agus tóraíodh é, agus cuireadh lá arna mháireach nó lá arna mhanathar é. Tréis é a chuir, bhí a bhean ag teacht amach as an roilig, agus bhí fear capall iallaite roimpi.

“Is ea,” arsa é sin, “is fada a bhís ag geallúint domhsa sara bpósas, agus tánn tú comh scortha, comh díomhaoin anois is a bhís riamh. Tair ar mo chúlaibh.”

Chuaigh sí ar a chúlaibh, agus ní raibh aon leisce uirthi. Bhuail an sagart leo.

“Cá raghaidh sibh?” arsa an sagart.

“Bhí sí seo,” ar sisean, “á gheallúint domhsa sarar phós sí riamh go bpósfadh sí mé, agus tá sí comh oiriúnach anois agus bhí sí riamh. An bpósfá sinn?”

“Á, níl aon dealramh leis,” arsa an sagart.

“Á, tá sé comh maith agat,” arsa í fhéin, “é a dhéanamh, ní fhéadfainn seasamh gan duine éigint, agus gheobhaidh tú an oiread so airgid, agus muc ramhar. Tá cheithre cinn do mhuca ramhra agam.”

1l.s. 'mbeog'

Bhreab an t-airgead é, agus bhreab an mhuc ramhar é. Phós sé iad, agus thánadar abhaile. Cailleadh driotháir an fhir eile, agus chuir sé é. Tháinig sé abhaile. Ní raibh éinne ina shuí nuair a tháinig sé. Níor mhaith leis a bheith á mhúscailt. Is é an áit a chuaigh sé isteach go tig na muc. Bhí teas breá ansan i measc na muc aige, agus níorbh fhada gur bhraith sé an coisí ag teacht, agus cé a bhí ann, agus lantaoir aige, ach buachaill an tsagairt, agus chuaigh sé isteach, agus láimhsigh sé na muca. Thiomáin sé roimis ceann acu, agus é ag déanamh ar an ndoras, thairrig sé lé crústa mhaide air, agus ní mór ná gur leag sé é, agus do labhair sé. D'imigh sé sin, agus ní thioctadh sé suas leis. Bhain sé tig an tsagairt amach.

“An dtugais an mhuc leat?” arsa é sin.

“Ar mh'anam nár thugas,” arsa é sin, “mar tá an té a cuireadh inniubh istigh ag féireacht na muc,” arsa é sin.

“Cuir bhuam do chuid éithigh,” arsa an sagart.

“Ní haon éitheach é,” arsa é sin, “mar fuaireas crústa ’o mhaide bhuidh.”

“Téanaim ort aríst,” arsa an sagart.

“Má théimse in aonacht leat,” arsa é sin, “ní raghaidh mé isteach.”

“Ní gá dhuit é,” arsa an sagart, “raghadsa féin isteach.”

Seo leo, agus nuair a chuadar go tig na muc, chuaigh an sagart isteach, agus seo ag láimhseach é. Bhí an fear eile i gcónaí ag féachaint. Ní raibh aon radharc age éinne air. Nuair a thiomáin sé amach an mhuc, thairrig sé lé buille mhaide air, agus do liúigh an sagart. Má liúigh, níor fhan an buachaill leis. Seo leo. Bhaineadar an tig amach. Is ea, bhí sé ag machnamh [ar] fean na hoíche cad a bhí suas go raibh an sagart agus a bhuachaill ag teacht ag goid a mhuc bhuidh nuair a bhraitheadar amuigh é. Cheap sé ná raibh aon chreideamh ann. Ach thit néal éiginteach codlata air, ach nuair a dhúisigh sé, bhí an lá ann. Do ghaibh¹ sé amach, agus do bhí buachaill a bhí aige, bhí sé ag obair sa ghort. Do dhein sé féna dhéin. Dhein sé féna dhéin, agus nuair a chonaic an buachaill é, do rith sé, agus do rith an máistir ina dhiaidh, agus do tháinig sé suas leis.

¹ l.s. 'goibh'

“Cad ’tá ort?” arsa é sin leis.

“Ó, i gcuntais Dé a mháistir,” arsa é sin, “mheasas nár dheinis éinní as an slí riamh. Nár cuireadh tusa inné.”

Stad an máistir. Sin é nuair a chuimhnigh sé gurb amhla a bádh an teachtaire.

“Níor cuireadh,” arsa é sin.

“Nár fuarthas do chuid éadaigh ar an bport,” arsa é sin, “agus do fuarthas báite thú thíos ag an dtráigh.”

“Á, ní mise a bhí ansan in aon chor,” arsa é sin, “ach teachtaire a tháinig chugham lé scéala óm dhriotháir.”

“Is measa ná san é,” arsa an buachaill. “Tá do bhean pósta aríst, agus fear ina teannta.”

Dhein sé fén dtig, agus do thairrig sé leis an maide ar an ndoras. D'imigh an fear agus a bhean amach trí fuinneog a bhí ar an dtaobh eile, is ní fheacathars aon radharc ó shin orthu.

461. *Bithiúnach i gcló cailín á mhárú age madra*¹ VI

10.12.44

CBÉ, 966: 556-559

Bhí máistir scoile fadó ann. Ní fada a bhí sé pósta. Aon leanbh amháin a bhí aige, agus d'imigh a chailín bhuaidh lá, agus an lá céanna, do cailleadh buachaill sa bhaile ba ghiorra dho. Tháinig buachaill don bhuaile isteach chuige tráthnona.

“An raghaidh tú go tig an choirp?” arsa é sin.

“Is oth liom ná féadfainn dul,” arsa é² sin, “níor mhaith í seo a fhágaint ina haonar, d'imigh an cailín ar maidin bhuainn. Caithfidh mé fanacht istigh.”

Níorbh fhada ina dhia' san gur bhuail cailín isteach. Sheasaimh sé ag an ndoras. Dúirt sé léi suí aníos.

“Ní chun suí a thána,” arsa í sin, “chuala go dteastaigh cailín aimsire bhuit.”

“Teastaíonn mhuis,” arsa é sin, “suigh aníos. Níl aon bhaol ná go ndéanfaimid an margadh. Is fearr liom ná rud maith tú a bheith ina theannta so anocht go raghainn go tig an choirp go mbeadh cuileachta acu.”

D'imigh an máistir scoile. Chuaigh sé go tig an choirp. Do bhuail a bhean citeal ar an dtine, agus do dhein sí té, agus do scaoil sí amach suipéar breá ar an mbord chúthu, agus san am go raibh an suipéar socair ar an mbord aici, chonaic sí smut éigin do chlaíomh laistigh do s[h]eál nó clóca a bhí ar an gcailín.

“Dheineas ana-dhearúd,” arsa í sin, suite ar cheann an bhoird, “nár thug liom an buidéal.”

“An bhfuil sé agat?” arsa an cailín.

“Ó, tá” arsa í sin, “bíonn sé i gcónaí againn.”

Do chuaigh sé 'on tseomra, agus do dhún sé an doras. Ní raibh sí ag teacht as an seomra.

“Cad 'tá id chinneáilt?” arsa an cailín.

¹ Tá taifeadh fuaime den scéal seo le clos ar rian uimhir a sé den dlúthdhiosca, agus ‘Bithiúnach i mbréagriocht mná’ mar theideal air.

² l.s. ‘í’

“Nílim chun dul amach in aon chor,” arsa í sin.

“Tair amach,” arsa í sin, “nó dóifidh mé do leanbh sa tine.”

Bhí an leanbh sa chliabhán. Do rug sí ar an leanbh. Bhí an leanbh ag screadaigh. Thit an bhean thuas i laige. Bhí gadhar istigh. D'éirigh an gadhar, agus do rug sé ar scornach ar an gcailín, agus do mhairbh, agus do chuir sé an leanbh 'on chliabhán. Thug sé fé dhóras an tseomra, agus ní raibh aon tor aige lé fáilt. Bhris sé an fhuinneog amach. Níor stad sé go gcuaigh sé go tig an choirp. Do dhein sé suas trís na daoine. Bhain sé amach an máistir a bhí suite ar chathaoir thuas cois na tine. Do chuir sé a dhá lapa in airde ar a cheathrúin. D'fhógair an máistir bhuidh síos lena lámh é, agus bhí a lámh lán d'fhuil.

“Áit murdal,” arsa é sin, “tá scrios déanta im dhia' sa.”

D'éirigh gach éinne.

“Ná héiríodh éinne,” arsa é sin, “ach seisear a phriocfaidh mé féin amach,”

Phrioc sé amach an seisear ab fhearr a bhí sa tig, agus ghluaisíodar abhaile fé dhéin an tí. Do ghlaigh amuigh, is ní bhfuair sé aon tor. Chaith sé briseadh isteach tríd an bhfuinneog, agus do labhair sé:

“An maireann tú?” arsa é sin léna bhean.

“Mairim fhéin,” arsa í sin, “ach tá mo leanbh marbh.”

“Is cuma cad a dheineann an leanbh,” arsa é sin.

Do las sé solas. Do bhí an *lady* marbh ar an urlár, agus an leanbh ina chodladh sa chliabhán. Thiomáin sé beirt acu ag triall ar na pílears. Níorbh fhada bhuathu iad. Niseadh an scéal dos na pílears. Thug an *sergeant* seisear pílears leis, agus tháinig sé isteach. Do chuadar fén *lady*. Bhí fliúit ina póca.

“Níl sí seo gan cuileachta,” arsa é sin.

“Múchfadsa an solas anois,” arsa é sin, “agus mara mbeidh fear ages gach éinne, gaibhse,” arsa é sin, “bainfeadsa an *spade* díbh ar maidin amáireach”

Chuaigh sé amach, agus shéid sé an fliúit, agus ní fada go ngluais seisear, agus nuair a thánadar isteach, dhún sé an doras, agus greamaíodh iad. Lasadh solas. Do féachadh orthu. Fear ab ea an cailín aimsire a bhí tagaithe chuige¹, agus seisear eile fear in aonacht léi. Níorbh fhada ó bhaile in aon chor iad. Cuireadh isteach i bpríosún iad, agus do fuair an gadhar *bounty* maith a fhaid is a mhairfeadh sé. Ba mhaith an gadhar é.

¹ c.f. MI D12.

462. *Bithiúnach Mhullach Bhéal*¹

26.11.44

CBÉ, 966: 306-312

Bhí bithiúnach thíos i Mullach Bhéal² fadó. Ardfhear ab ea é, ana-ghaiscíoch fir, agus ar bhithiúntaíocht a bhí sé ag maireachtaint. Aon iníon amháin a bhí aige, agus ba mhaith leis go bhfaigheadh sé cliamhain mar é fhéin go mbeadh sé mar chabhair aige. Do bhí sé ag cuardach go bhfuair sé gaiscíoch fir, agus pósadh é fhéin agus a iníon. Thugadar trí lá i dteannta a chéile ansan go sásta. An tríú oíche nó an ceathrú oíche, leag sé anuas dhá mhaide don gcúl-lochta. Thug sé ceann acu don gcliamhain.

“Cad chuige é seo?” arsa an cliamhain.

“Ó, go raghaimíst ag goid,” arsa é sin.

“Ní bheidh sé i gcest,” arsa an cliamahin, “más chuige sin a thugais anso mise, ní raghadsa ag bithiúntaíocht go deo.”

Níor chuaigh sé chun aon tathant air. Bhailimh sé fhéin leis. Ach lá arna mháireach,

“Is ea,” arsa an cliamhain, “beadsa ag bailiú liom. Bainfidh mé áit éigint eile amach.”

“Beadsa in aonacht leat,” arsa an bhean.

Bhíodar á n-ullmhú³ fhéin.

“Tabharfadsa do dhóthain airgid duit,” arsa athair na céile⁴.

“Ní thógfainn aon airgead bhuait,” arsa é sin, “ach dá ndéanfá pá lae a thabhairt dom.”

Is ea, níor mhaith leis é a dh'eiteach. D'imigh sé síos chun Clochán, agus thug sé an lá ag obair, agus is é an pá a fuair sé scilling. Ach a dtáinig sé abhaile an oíche sin, thug sé an scilling do, agus bhí sé

¹ Tá leagan eile den scéal seo tras-scríofa ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 621: 61-78, agus an leagan sin i gcló aige in *Béaloideas* (c.f. 1939: 245-288). Tá an dá leagan áirithe in TIF 736 agus is é an achoimre a thugtar in ATU ar an gcineál scéil seo ná an méid seo a leanas: “A rich and a poor friend make a wager: Does wealth come from hard work or from good luck? In order to test their theories, the rich man gives money to a poor craftsman. The first time the money is stolen by a bird, the second time his wife spends it. The poor man gives the craftsman a piece of lead which a fisherman uses as weight for his net. He receives from him the first fish he catches and in its body he finds a jewel [N421]. This proves that fortune is more powerful. When the poor man recovers his luck, the lost money which was given to him by the rich man is often found in a nest or in a jug. c.f. types 745, 745A, 945 and 945A”.

² Baile i mbun cnoic i bParóiste an Chlocáin, a deir SÓD linn.

³ l.s. “á n-ollú”

⁴ l.s. “an t-athair na céile.”

ana-bhaoch do. “Is fearr liom an scilling sin anois,” arsa é sin, “ná gach a bhfuil d'airgead agat,” agus ba mhór é a chuid airgid. Bhailíodar leo lá arna mháireach, agus d'fhágadar slán aige. Nuair a bhíodar ag déanamh ar Thrá Lí, bhuail fear leo, agus breac aige á dhíol. D'fhiarthaigh sé dho an mór é an breac.

“Dhá thistiúin,” arsa é sin.

Cheannaigh sé an breac, agus do dhíol sé as, agus ní raibh aige ach tistiún amháin. Bhailíodar leo, agus ag déanamh isteach ar Thrá Lí dho, fuaireadar a bheith istigh i dtig feirmeora. Dúirt sé léna bhean an breac san a thógaint léi, agus baint as, agus é a ní, agus é a ghlanadh, agus é a chuir ag beiriú. Thug sí¹ léi an breac, agus d'oscail sí ar an mbreac, agus cad a gheobhadh sí istigh sa bhreac ná *diamond*² óir³. Phrioc sé suas é, agus ghlan sí é. Nuair a tháinig sí isteach, theasáin sí dhá fear é.

“Á, rud maith é sin,” arsa é sin.

Chuir sé ina phóca é. Ar maidin lá arna mháireach, thiomáineadar leo. Chuadar isteach go Trá Lí. Chuadar isteach i siopa ba mhó a bhí i dTrá Lí.

“An gceannófa é sin uam?” arsa é sin.

“Cad atá bhuit air?” arsa fear an tsiopa.

“A fhiacha,” arsa é sin.

“Tabharfaidh mé fiche punt duit air,” arsa é sin.

“Más é a fhiacha é,” arsa é sin.

Fuair sé fiche punt air. D'imíodar orthu. Thógadar lóistín i dTrá Lí an oíche sin. Ní raibh a bhac orthu dinnéar maith a bheith acu. Thiomáineadar leo ansan, is bhaineadar amach Luimneach⁴, agus chuaigh sé isteach i siopa mhór a bhí i Luimneach. Ar maidin lá arna mháireach tréis é a éirí, do bhí sé ina phóca, an *diamond* aríst.

“An gceannófa é seo bhuit air?” arsa é sin lé cléireach Luimní.

“Cad ’tá bhuit air?” arsa é sin.

1 l.s. 'sé'

2 l.s. 'diamon'

³ c.f. MI N183.

4 l.s. 'Loimneach' tríd síos.

“A fhiacha,” arsa é sin.

“Tabharfaidh mé dathad punt duit air,” arsa é sin.

“Más é a fhiacha é,” arsa é sin.

Chomhairigh sé dathad punt amach chuige. Thóg sé lóistín an oíche sin i Luimneach, agus nuair a dh'éirigh sé ar maidin lá arna mháireach, chuir sé a lámh ina phóca a bhí ann. *Diamond* aríst ann. D'imíodar orthu. Bhaineadar amach Corcaigh, agus chuadar isteach i siopa mór a bhí ansan. D'fhiarthaigh sé dhon gcléireach an gceannódh sé é seo.

“Cheannóinn,” arsa é sin, “dá mbeadh a fhiacha agam, ach níl a fhiacha agam,” arsa é sin.

“Ná fuil rud éigint agat,” arsa é sin.

“Ní fhéadfainn a thabhairt duit air,” arsa é sin, “ach céad punt, agus ní hé sin a fhiacha.”

“Á, déanfaidh sé an gnó,” arsa é sin.

Is ea, fuair sé céad punt, agus ar maidin lá arna mháireach, mheas sé go mbeadh sé ina phóca aríst. Ní raibh, mar nis sé sin an fhírinne, agus d'fhan sé aige. Tamall amach ó Chorcaigh ansan, bhí paiste talún in airde, is do thóg sé é. B'fhuiriste talamh a thógaint an uair sin. B'fhearra dhuit céad punt an uair úd ná cheithre chéad anois. Bhí sé ag maireachtaint go hana-mhaith ann, agus i gcionn trí mblianta, bhí sé ag imeacht, capall is cóiste aige ag dul ar chúram éigint nuair a chonaic sé bacach trom críonna ina choinnibh ar an mbóthar. Do bheannaigh sé dhon mbacach, agus d'fhiarthaigh sé dho cá bhfanfadh sé anocht.

“N’fheadar cá bhfanfaidh mé,” arsa an bacach.

“Téire go dtí an dtig úd thuas,” arsa é sin, “agus abair le bean an tí go ndúrtsa léi tú a dh'fhágaint istigh.”

Do dhein sé rud air, agus dhein sé féna dhéin, agus dúirt sé le bean an tí go ndúirt a leithéid seo leis teacht anso go bhfaigheadh a bheith istigh. Dúirt sí leis suí suas, agus níorbh fhada go dtáinig fear an tí. Do fuaireadar suipéar, agus bhíodar ag caint agus ag comhrá dhóibh fhéin ansan.

“Deárthaíonn sé gur mhaith an fear tú tamall dod shaol” arsa fear an tí.

“Níor mhaith,” arsa é sin, “an fear in aon chor mé.”

“Bhí ana-ghéaga agat.”

“Níor mhaith na géaga iad san,” arsa e sin, “do chaitheadar san an saol go hainnis,” arsa é sin.

“An rabhais pósta riamh?” arsa é sin.

“Do bhíos,” arsa an bacach.

“An raibh aon chlann agat?”

“Bhí aon iníon amháin agam,” arsa é sin.

“Agus an maireann sí fós?”

“N’fheadar an marbh nó beo í. Theastaigh uaim go bhfaighinn cliamhain comh maith liom féin,” arsa é sin, “agus bhíos ag cuardach. Do fuaireas fear maith,” arsa é sin. “Theastaigh uaim,” arsa é sin, “go raghadh sé ag obair fé mar a bhíos fhéin, agus ní raghadh. Dúirt sé go mbaileodh sé leis. Dúirt ná raibh a bhac orm roinnt mhaith airgid a thabhairt do. Dúirt sé ná tógfadh sé éinní bhuam, ach pá lae. Ba deacair liomsa dul ag tuilleamh pá lae, ach bhí oiread ómós agam do gur chuas, agus do thuilleas pá lae, aon scilling amháin. Do thugas do é an oíche sin, agus do ghaibh sé baochas liom. Dúirt sé go mb’fhearr leis an méid sin ná a raibh d’airgead agam. Do bhailíodar leothu lá arna mháireach, agus ní bhfuaireas aon tuairisc riamh ó shin orthu, mar do bhí Dia ina mbóthar, rud ná raibh im bhótharsa.

“An aithneofá t’iníon?” arsa é sin.

“Ní dócha go n-aithneoinn,” arsa é sin.

“Tabhair fé ndear í sin,” arsa é sin.

Tháinig dhá shúil don mbacach.

“Sin í t’iníon,” arsa é sin, “agus mise do chliamhain, agus sin é do chúinne anois faid is mairfidh tú.”

D’fhan sé ina dteannta.

463. *An láirín rua*

10.12.44

CBÉ, 967: 7-10

Bhí fear bocht ann fadó. Bhí ceathrar mac aige. Ní raibh aon phioc talún aige, ach aon ghort amháin. Timpeall lé hacra talún. Bhí láirín rua aige. Níl aon lá ná bíodh duine éigint ag tuilleamh leis an láirín rua. Níl aon bhliain ná bíodh searrach aici. Bhíodar ag maireachtaint leo. Aon oíche amháin, d'imigh an láirín rua, agus ní raibh pioc le fáil di lá arna mháireach ná lá arna mhanathar. Caitheadh í a thabhairt suas. D'fhan mar sin go ceann ceithre bliana. Dhein sé móinéar don ngort ansan, agus do dhíoladh sé an féar. Bhíodar ag maireachtaint leo, ní fhéad sé brath ar fhiacha capaill. Bhí sé i gcionn cheithre bliana istigh oíche. I gcionn tamall don oíche, do ghaibh¹ stróinséir isteach chuige, agus d'iarr sé a bheith istigh. Dúirt sé leis go bhfaigheadh agus fáilte. Shuigh sé suas. Nuair a bhí na prátaí beirthe acu, do cuireadh an stróinséir go dtí an bord, agus nuair a bhí ite age fear an tí, do dh'althaigh sé, agus is é an rud a dúirt sé, “go gcuire Dia ar a leas an té a ghoid mo láirín rua.”

“Cad tánn tú ag rá?” arsa an stróinséir.

“Ceithre bliana, agus oíche anocht,” arsa é sin, “tá cuimhne mhaith agam air, bhí láirín rua agam, agus níl aon lá ná bíodh duine dom chloinn ag tuilleamh léi. Bhíodh searrach gach aon bhliain aici, agus bhí cheithre bliana is an oíche anocht a goideadh bhuam í.”

“Ní hé sin an ceart,” arsa fear an tí, “mar ní hé an té is fearr a chuir ag goid an láirín rua é, ach an diabhal,” arsa é sin, “agus b'fhéi' go stiúródh Dia ar a leas uair éigint é, agus ba é ab fhearr a dh'imeacht air.”

Chuadar a chodladh, agus ar maidin lá arna mháireach, nuair a dh'éirigh an chéad duine dhá chloinn, tháinig sé isteach.

“Á, tair,” arsa é sin, “tháimíd ón dtig ar fad inniubh.”

“Cad tá ort?” arsa an t-athair.

¹ l.s. 'ghóibh'

“Tá ár móinéar lán do chapail,” arsa é sin.

“Tóg socair é,” arsa an t-athair, “níl aon duine go bhfuil a chapall ansan, ach duine a thabharfaidh díol sa díobháil athá déanta acu. Cuirídh a chapall fhéin go dtís gach éinne.”

Chuaigh sé amach aríst.

“Tá an scéal níosa mheasa ná a bhí riamh,” arsa é sin. “Níl aon aithint agaibh ar na capaill, ach níl aon oidhre ar cheann acu, ach an láirín rua mara mbeadh go bhfuil earball fada uirthi.”

D'éirigh an t-athair, is chuadar ar fad ag féachaint ar na capaill.

“Ó mhuisse,” arsa an t-athair, “níl aon oidhre uirthi ach an láirín rua.”

D'éirigh an stróinséir, agus d'fhiarthaigh sé dho arbh fhada bhuaidh beairic na bpílears.

“Ní fada,” arsa é sin.

“Cuir fios ar na pílears anois,” arsa é sin.

“Cad chuige?” arsa fear an tí.

“Cheithre bliana is n-oíche aréir,” arsa é sin, “do ghoideas-sa an láirín rua, agus tá searrach gach aon bhliain ó shin aici. Ní fhéadfainn ceann acu a dhíol. Thagadh rud éigint trasna orm ná féadfainn aon cheann acu a dhíol, agus is é do bheannachtsa a chuir bunoscionn¹ mé ar aon cheann acu a dhíol, ach táimse sásta lé mé a chrochadh nó aon rud a dhéanamh liom anois,” arsa é sin.

“Ní dhéanfad go deo é,” arsa fear an tí, “ach prioc an ceann is fearr acu amach anois, agus ardaigh leat í. Do mhaireas ó shin, agus tá bun anois orm.”

1 l.s. 'bunisciún'

464. *An marbh go raibh chúig phuint fiacha air*¹

11.1.46

CBÉ, 979: 193-198

Fear bocht a bhí ann, ní raibh aige ach aon bhó amháin, agus do bhí muirear air. Bhí driotháir do ar an mbaile neamhspleách go maith, is gan aon mhuirear air. Ní raibh aige ach aon bhó amháin. Do rug sé ar an aonach í. Do theastaigh a fiacha go dóite bhuidh. Chúig phuint a fuair sé ar an mbó. Nuair a bhí sé ag teacht abhaile, bhí roilig ar an slí roimis. Bhí comhairí ann, agus iad stadaithe ar an mbóthar, agus dhein sé féna ndéin. B'ait leis canathaobh go rabhadar stadaithe comh fada, is dh'fhiarthaigh sé do dhuine acu cad é an mhoill a bhí orthu, go rabhadar ansan. Ach dúirt an duine leis gur chúig phuint fiacha a bhí ar an té a bhí á chur, is ná ligfaí 'on roilig é mara ndíolfadh duine éigin thar a cheann é.

“Is mór an obair é,” arsa é sin, “ná fuil aon duine muinteartha aige a dhéanfadh é.”

Do dhruid sé leo ansan go dtí an áit a bhí an corp leagaithe, is dh'fhiarthaigh sé cá raibh an té a bhí á chimeád amach.

“Táim anso,” arsa é sin, “agus ní ligfidh mé isteach go deo é go ndíolfadh duine éigin chúig phuint thar a cheann.”

An fear bocht, bhí an charthanacht ana-mhór ag gabháilt do. Thairrig sé amach a chúig phuint, agus do dhíol sé é. Tháinig sé abhaile go fuar dealbh, agus i gcionn tamaill don oíche, do bhuaile an stróinséar isteach chuige, agus d'iarr sé a bheith istigh. Dúirt fear an tí go ngeobhadh agus fáilte.

¹ Tá cosúlacht idir an scéal seo agus cineál ATU 1536 A ar ar deineadh an achoimre seo a leanas: “The Woman in the Chest. A poor brother (neighbour, sexton) steals a hog (cow, food) from his rich brother (neighbour, clergyman). The rich man suspects his brother, but wants to be certain, so he hides his mother-in-law (mother, wife, cook) in a chest (cupboard) in his brother's house to spy. Cf type 1360 C. The woman confirms the richman's suspicion and cries out (curses, makes noise). The poor brother, opens the chest, strangles the woman (kills her in some other way), and puts some food (cheese, meat, sausage, bread) in her mouth. The rich brother opens the chest, sees that the woman is dead, and thinks she has suffocated”, nó mar a deirtear sa scéal áirithe seo, “bhí dúil sa bhfeoil i gcónaí aici”. “He wants to keep her death secret and bribes the poor brother not to tell any one and to bury her. Later, the poor brother digs her up at night (keeping some of her valuables) and sets her body at his brother's door, where it falls over when the door is opened in the morning. The rich brother thinks the corpse has returned to haunt him [K2151, K2321]. Cf. Type 1537. He pays his poor brother more money to bury the corpse again (often three or four times), but it turns up in the barn, close to the well, on a faol that follows the rich man, etc. The poor man gets so much money (cattle, provisions) for reburying the body that he becomes as rich as (richer than) his brother. Combinations: 1535, 1537, 1735A, and 1792. Remarks: Documented in the 19th-20th century. The second part has affinities with a number of old French fabliaux”.

“Ní maith an áit é seo dhuit,” arsa é sin, “mar ná fuil éinní cóir le n-ithe againn, ach éinní amháin, an dorn prátaí.”

“Tá rud maith agat,” arsa é sin, “prátaí.”

“Gadé an mhaith sin,” arsa fear an tí, “is gan éinní againn leo.”

“Ná feaca gort ansan thíos,” arsa an stróinséir, “nuair a ghaibheas isteach, is é lán do chaoirigh.”

“Más ea, ní liomsa na caoirigh sin,” arsa fear an tí leis, “ach lem dhriotháir.”

“Á mhuisse,” arsa é sin, “níl aon ghnó gan ceann acu a bhaint astu, “ní mhothóidh sé ceann acu.”

D’imigh, is níorbh fhada an mhoill air ceann acu a thabhairt leis¹. Níorbh fhada go raibh an chaíora ullamh glan aige. Buaileadh stráice dhi ag beiriú. Bhí a ndóthain prátaí agus feola súip acu ansan. Ach nuair a bhí an chaíora ite, d’fhan an stróinséir ina teannta i gcónaí, thug sé ceann eile leis. Níorbh fhada go mbraith an driotháir na caoirigh ag imeacht, is ní bhfaigheadh sé beo ná marbh an chaíora a dh’imíodh.

“On diabhal,” arsa é sin, “gur dócha gurb iad so thíos athá á ngoid, mo dhriotháir,” arsa é sin, “agus an stróinséir atá ina theannta.”

Ach chuimhnigh sé ar ana-phlean ansan, comhra m[h]ór a bhí aige, a mháthair a chuir isteach ann², agus a dóthain bídh a chuir isteach chúichi, agus dul go dtí an driotháir ansan, agus a dh’fhiartháí dho an dtógfadh sé an comhra as an slí bhuaidh go ceann tamaill. Dúirt an driotháir go dtógfadh. Cuireadh an comhra síos go dtí tig an driothár bocht. Níorbh fhada don oíche go ndúirt an stróinséir.

“N’fheadar cad atá sa chomhra?”

“N’fheadar,” arsa an fear eile.

“Ní fada go mbeidh a fhios agamsa é,” arsa an stróinséir.

D’oscail sé an comhra, is d’fhéach sé síos ann. Bhí sí suite istigh sa chomhra, agus sceon buille ina

¹ “I leataoibh,” a dúirt an Criomhthanach an abairt seo a leanas le SÓD: “is dócha go bhfuil a fhios agat féin cé a bhí ann, an marbh gur díoladh na chúig phuint as.”

² Macalla á bhaint as ATU 1354 C, “Seemingly-Dead Woman Returns to Life”.

dhá súil. Thóg sé aníos an méid aráin a bhí curtha 'on comhra chúichi, is do chaith sé go dtís na leanaí é. Bhí cnámh mór feola istigh aici. Thóg sé amach an cnámh, is scrios sé anuas an méid feola a bhí air. Rug sé ar chúl a cinn ansan uirthi, is chuir sé siar ina béal an cnámh, is do thug sé buille 'o dhorn don gcnámh, is chuir se múchta síos ina scornaigh é. Tachtadh láithreach í. Dhún sé suas aríst é. I gceann trí lá is ea a thánathas ag triall ar an [g]comhra aríst, is nuair a tugadh an comhra aníos, d'oscail sé an comhra go tapaidh go mbeadh na scéalta nódha go léir aige. Is amhla a bhí sí caite istigh, is an cnámh ina scornaigh.

“On diabhal,” arsa é sin, “tá sí marbh. Is dócha gurb amhla ná raibh a dóthain aici, is bhí dúil sa bhfeoil i gcónaí aici.”

Ach caitheadh í a chur. An oíche sin, d'imigh an stróinséir, is do thug sé leis aríst í, is do chuir sé leis an ndoras í lena doras fhéin. Ar maidin, nuair a hosclaíodh an doras, thit sí isteach. Pé duine a dh'oscail an doras, ní mór ná gur thit sé féin ina teannta. Do tógadh í, is bhí tiomáint an domhain cad a thug ann í. Chuaigh scéala go dtí an driotháir eile. Tháinig sé fhéin agus an stróinséir. Dúirt an stróinséir go mbeadh a fhios aige féin cad a thug í. Chuaigh sé chun cogar léi.

“Ó,” arsa é sin, “airgead athá bhuaithi.”

Cuireadh airgead 'on chomhra ina teannta¹, agus má cuireadh, d'imigh an stróinséir an oíche sin aríst, agus do thóg sé í fhéin is an t-airgead. Chuir sé suas leis an ndoras aríst í. Ar maidin lá arna mháireach, nuair a hosclaíodh an doras, do thit sí isteach. Bhí tiomáint aríst cad a thug aríst í. Tháinig mo stróinséir, is do chuaigh sé chun cogar aríst léi. Ó, ní raibh a dóthain airgid fachta aici. Thug sé leis an tríú huair í, agus a thuilleadh airgid a bhí bhuaithi.

“Is ea,” arsa é sin, “i gcuntais Dé, ná tair níosa mó. Táim briste agat. Níl a thuilleadh agam.”

Ach toisc an achainí a chuir sé chúichi ansan, níor mhaith leis an stróinséir a thuilleadh a dhéanamh. Thug sé leis an oíche a bhí chughainn í, agus fuair sé bromach² fiain a bhí ag an driotháir. Cheangail sé maide ar gach aon láimh léi. Ar maidin, nuair a hosclaíodh an doras, bhí an bromach ar dtaobh amuigh do dhoras. Bhí sí socair in airde ar an mbromach. Nuair a chuaigh sé fé dhéin an

¹ “agus cuireadh í,” a shonraigh an Dálach i nóta breise.

² Guagacht ag an gCrimhthanach idir ‘bromach’ agus ‘bramach’ ag an bpointe seo sa lámhscríbhinn.

bhromaigh, do léim an bromach. Leis an léim a dhein an bromach, bhí na géaga ag siúl gur bhuaill sí an bromach. D'imigh an bromach, is is é áit a thug sé aghaidh ar an bhfarraige. Níor tháinig sé as san amach. I gcomhair na hoíche a bhí chughainn:

“Is ea,” arsa an stróinséir, “beadsa ag imeacht bhuaibh anois, is slán agaibh. Do dheinis-se maitheas domhsa,” arsa é sin, “is tá an méid sin maitheas déanta agamsa dhuit. Níl aon díobháil déanta againn.”

N’fheadair an driotháir bocht cé a bhí aige go dtí sin.

465. *Scéal Bháitéir*¹

10.12.44

CBÉ, 966: 570-571

Bhí fear bocht fadó ann, agus do bhí lán tí do leanaí aige. Do chuaigh sé 'on bhaile mhór lá, agus do thug sé bróga chúthu, agus nuair a chuir sé na bróga orthu, bhí cat aige gurb ainm do Bháitéar:

“An dtugais aon bhróga chughamsa?” arsa Bháitéar, ag éirí ina sheasamh.

“Níor thugas,” arsa é sin.

Do chuimhnigh sé air fhéin go tapaidh.

“Dúirt an gréasaí liom go gcaithfeadh sé do thoise a thógaint.”

Shuigh Bháitéar aríst, is chuaigh a chroí chun suaimhnis. D'imigh sé lá arna mháireach, agus do chuaigh sé go dtí fear a bhí sa bhaile mhór, agus do nis sé a scéal do. Bhí scata gadhar aige sin.

“Cuir isteach i mála é,” arsa é sin, “agus tabhair leat é. Abair leis go gcaithfear a thoise a thógaint, agus nuair a thiocfaidh sé ar an mbaile seo, fág chughamsa ansan é, agus fés na gadhair.”

Tháinig sé abhaile.

“Ar thugais na bróga leat?” arsa Bháitéar.

“Dúirt an gréasaí,” arsa é sin, “go gcaithfeadh sé do thoise a thógaint.”

“Conas a raghadsa 'on bhaile mhór?” arsa é sin, “d'íosfadh na gadhair mé.”

“Cuirfeadsa isteach i [b]paca thú,” arsa an fear.

Lá arna mháireach, bhuail sé isteach 'on phaca é. D'ardaigh sé leis é, agus do bhuail fear na ngadhar leis. Do chaith sé chúthu an pacas, agus do sháigh na gadhair go dtí an bpacas. Nuair a bhí sé nách mór marbh acu:

“Ach a raghaidh tú abhaile,” arsa é sin, “abair le Broderick go bhfuilimse marbh.”

Chuaigh sé abhaile, agus é go lántsásta, agus nuair a tháinig sé isteach, bhí sé ag eachtraí dhos na

¹ Tá leagan an Chriomhthanaigh den scéal seo áirithe mar cheann de na “unclassified tales” in TIF faoi 2412 C, The Cat Asks for Boots: “A man tells his wife that he is going to buy boots for his children. A cat beside the fire ask him to buy boots for it also. The cat is later killed by a dog when the man is taking it to be fitted with boots”. Is léir ón líon ard leaganacha eile den scéal a bhfuil tagairt in TIF dóibh go mbíodh an scéal seo an-chóimhlinte ar fud na tíre.

leanaí ar cad a bhí déanta lé Bháitéar. Bhí Broderick thuas cois na tine. D'éirigh Broderick, agus do chroith sé é féin, agus do tháinig oiread beithígh ann. Do chuaigh sé ina scornaigh, agus do mhairbh sé é.

466. *Dhá chat ag caint le chéile*

11.2.45

CBÉ, 967: 429-32

Bhí buachaill eile ann ag imeacht oíche fadó, agus tháinig doircheacht ana-mhór air. N’fheadair sé cá raibh sé. Bhuaill tig cónaithe leis ná raibh éinne ina gcónaí ann. Bhíodar ina gcónaí tamall ann. Bhíodar imithe as. Do chuaigh sé isteach ann. Dúirt sé go mb’fhuirist do a bheith i dtaobh éigint ná a bheith amú. Bhí seomra síos ann, ach chuaigh sé síos ’on tseomra, agus níorbh fhada do gur bhraith sé an chaint, agus d’fhéach sé aníos, agus níorbh fhada gur lasadh tine thuas i láthair na tine. Dhá chat a bhí ann¹.

“Is ea, an bhfuil aon scéal nódh agat?” arsa ceann acu leis an gceann eile.

“Níl,” arsa é sin, “ach tráthnóna,” arsa é sin, “do ghaibheas go dtí tig feirmeora, agus do bhí iníon an fheirmeora ag crú na mba. Bhí canna ar dtaobh amuigh do dhoras aici, agus do chuas fé dhéin an channa chun deoch a ól. Do thug sí chugham, agus do bhuaill sí mé, ach do dh’fhágas dhá ribe dom chuid clúimh thíos insa bhainne, agus nuair a bhí na ba crúite aici, do dh’ól sí deoch don mbainne, agus do rángaigh léi an dá ribe a dh’ól. Chuadar san isteach ina ghoile. Do dhein dhá phuiscín dóibh. Táid siad mór go maith anois,” arsa é sin, “ach ní fada go gcaillfear í. Tá sí tugtha suas. Ní fada bhuaithi². Níl aon rud chun í a leigheas, ach dá ngeofaí ceathrú chaoirfheolach, agus é a róstadh, agus a béal a dh’oscailt as a cionn. Bheadh seans ann go gcuirfeadh sí aniar na puiscíní, ach cé ’tá chun é sin a dhéanamh?” arsa an cat.

“Tá go maith,” arsa é sin.

Thugadar tamall ag caint. Thairrig ceann acu earball trasna na tine, is do mhúch sé í. Do bhailíodar leo. Ar maidin lá arna mháireach, d’éirigh an buachaill amach, agus bhí sé ag cuir tuairisc an raibh éinne breoite timpeall. Dúrtas leis go raibh a leithéid sin, go raibh sí ag dul chun báis. Do chuaigh

¹ c.f. AT 2075 Tales in Which Animals Talk.

² Pléann an Criomhthánach an nath cainte seo in CBÉ, 982, 278-282, foinse ina dtugtar le fios go n-úsáidfí é i dtaca le “duine go mbeadh droch-chuma air.”

sé fé dhéin an tí, agus nuair a tháinig sé isteach, fiarthaíodh do cad a bhí air. Dúirt sé gur dochtúir óg é fhéin.

“Tá cuid mhaith dochtúirí siúltha ar an dtig seo,” arsa an t-athair. “Níl aon mhaith acu lé déanamh.”

Do chuaigh sé go dtí an leabaidh, go dtí an cailín breoite.

“Tugaídh chugham,” arsa é sin, “ceathrú chaoirfheolach.”

Do tugadh. Do róst sé é, agus do thóg sé aniar sa leabaidh í. Nuair a bhí sí¹ róstithe, do chuir sé a béal as a cionn, agus níorbh fhada gur ghluais ceann dos na puiscíní. Ní mór ná go dtacht sé í á chuir aniar, agus do ghluais an tarna ceann ina dhiaidh. Bhíodar ansúd ar mhéis aige, is iad ina mbeathaidh. Thug sé deoch ansan di, bhí a fhios aige go raibh sí lag ina ndiaidh, agus do bhraith sí go hana-mhaith, ach ní mór ná go dtachtadh í. Do mhairbh sé na puiscíní. Ar maidin lá arna mháireach, b'fhearr ná san í. I gcionn seachtaine, bhí sí comh maith a bhí sí riamh. Is é an rud a dh'imigh air go bhfuair sé lé pósadh í. Níor rug aon lá dealbh an chuid eile dá shaol air. D'fhág an dá chat an méid sin aige.

1 l.s. ‘sé’, ach mheabhraigh nóta ó SÓD gur ‘sí’ ba cheart a bheith ann.

467. *Fios, Leigheas agus Drad-Ualach*

7.1.45

CBÉ, 967: 264-272

Bhí feirmeoir ann fadó, agus aon oíche amháin, do ghaibh scoláire bocht isteach chuige. Do bhí bean sa tseomra i mbreoiteacht linbh. Bhí an scoláire bocht ag léamh. Ag léamh a bhíodh sé i gcónaí. Nuair a saolaíodh an leanbh, d'fhiarthaigh sé an mac nó iníon a bhí ann. Dúorthas leis gur mac. Do dhún sé suas an leabhar. Níor léigh sé a thuilleadh¹. Ach ar maidin, thug sé leabhairín dóibh.

“Tugaídh aire don leabhairín sin,” arsa é sin, “agus ná hoscálaíodh éinne é, agus nuair a dh'éireoidh an leanbh suas, má ritheann leis, cuirídh féna mhuineál é, agus abraidh leis gan é a dh'oscailt, nó gur dóigh leis go mbeidh sé ábalta ar é a léamh.”

Nuair a d'éirigh an garsúinín suas, do cuireadh ar scoil é, agus do cuireadh an leabhar féna mhuineál, agus dúorthas leis gan é a dh'oscailt nó dur dhóigh leis go mbeadh sé ábalta ar é a léamh. Do bhí sé ag dul ar scoil gach aon lá, agus é ag foghlaim go maith nó go raibh sé sé déag nó seacht déag do bhliana. Bhí feirmeoir eile insan áit, agus do bhuail a iníon breoite, agus bhí sí ana-shuarach. Ach do chonaic an buachaill aimsire a bhí sa tig. Do chonaic sé ag éirí amach as an leabaidh lá í trí pholl éigint, agus ag dul go dtí an bhfuinneoig, agus ag tabhairt tamall ag an bhfuinneoig. D'fhéach sé, agus do chonaic sé an garsún so ag teacht ó scoil. D'fhan sé ag féachaint ina dhiaidh faid a bhí sé ina radharc. D'fhair sé amáireach aríst í, agus do dhein sé an rud céanna. Dúirt sé leis an bhfeirmeor gur grá a bhí ar an inín léna leithéid seo, go raibh sé fhéin ag féachaint lé dhá lá uirthi, ag éirí amach as a leabaidh, agus ag féachaint ina dhiaidh nó go raibh sé imithe as a radharc. D'fhair an feirmeoir an tríú lá í, agus d'éirigh sí amach, agus do chonaic sé an buachaill ag gabháilt an bóthar. D'fhan sé ag féachaint ina dhiaidh nó gur imigh sé as a radharc. Dúirt sé léna athair é.

¹ Tá an mhóitíf seo le haithint i dtosach scéil eile leis an gCrimhthnach, .i., §335 | CBÉ, 936: 547-549 ‘An scoláire bocht agus an leanbh á shaolú’.

“Caithfir í a phósadh,” arsa an t-athair.

Níorbh aon chabhair do bheith ag caint. Chaith sé í a phósadh. Tréis pósta dho, do bhailimh sé leis, agus do bhí sé ag imeacht air, agus do chonaic sé solas tamall bhuaidh. Do dhein sé féna dhéin. Do chuaigh sé isteach. Ní raibh ansan istigh roimis ach bean, agus spáinnéirí gadhair. Do rith an spáinnéirí ina choinnibh, ag lútáil leis nuair a chuaigh sé isteach.

“Dé [id] bheatha-sa,” arsa an bhean, “agus beidh sé thiar ort anocht mara ndéanfaidh an spáinnéirín aon chosaint ort.”

Siar san oíche, do bhraitheadar an fhuaramáil ag teacht, agus do sháigh sé an doras isteach roimis. Do dhein sé fé suas. Níor lig an spáinnéirín thar leath an tí aníos é nó gur ghlaoigh an coileach. Do thóg sé an tigín san aer ag imeacht do.

“Is ea,” arsa í sin, “tá an oíche anocht díot. Tá dhá oíche eile fós bhuit. Beir leat an spáinnéirín sin anois,” arsa í sin, “agus ná dearúd é pé áit a gheobhair.”

Thug sé síntiús airgid di ag imeacht do. Do thóg sé leis an spáinnéirín, agus do casadh isteach i dtig beag eile é i gcomhair na hoíche, agus do bhí spáinnéirín eile ansan istigh roimis, agus bean. Chuir sí fáilte roimis.

“Is measa dhuit an oíche anocht ná an oíche aréir,” arsa í sin, “mara ndéanfaidh an dá spáinnéir aon talamh duit, beidh tú marbh.”

Siar san oíche, bhraitheadar an fuaramáil ag teacht, agus do tháinig sé isteach. Do dhruid sé aníos, agus níor lig an dá spáinnéir thar leath an tí aníos é nó gur ghlaoigh an coileach. Do thóg an tigín san aer ag imeacht do.

“Is ea,” arsa í sin, “níl bhuit ach oíche eile anois. Beir leat an dá spáinnéirín sin anois, agus ná dearúd iad.”

D'imigh sé lá arna mháireach, agus do casadh isteach i dtig beag eile é istoíche lá arna mháireach. Bhí spáinnéirín eile ansan, agus nuair a chuaigh sé isteach, seo na trí spáinnéirí ag lútáil léna chéile. 'Dhóigh leat go raibh aithne riamh acu ar a chéile.

“Is ea,” arsa an bhean leis, “á mbeadh an oíche anocht díot, bheadh agat. Mara ndéanfaidh

na spáinnéirí aon chosaint ort, beidh tú marbh.”

Do tháinig fuaramáil níos measa ná tháinig riamh, agus tháinig sé isteach. Bhí sé féin is na spáinnéirí lé chéile go dtí gur ghlaoigh an coileach. Chaith sé imeacht.

“Is ea, tá agat anois,” arsa í sin, “ach tabhair aire dhos na spáinnéir, agus ná dearúd iad. Beir leat iad.”

Rug sé leis na trí spáinnéar abhaile. Bhí fáiltí geala roimis nuair a tháinig sé. D'imigh sé lá ag fiach 'on choill, agus na spáinnéir in aonacht leis.

“Tá a leithéid seo tagaithe isteach,” arsa Fios¹.

Is é an ainm a bhí ar na spáinnéir, Fios, Leigheas, agus Drad-Ualach. Bhí fios age ceann acu. Do bhí leigheas age ceann eile acu. Do bhéarfadh Drad-Ualach ar an ngaoth a bheadh roimpi, agus ní bhéarfadh an ghaoth a bheadh ina dhiaidh uirthi.

“Is ea,” arsa Fios, “tá a leithéid seo do dhuine istigh i dteannta do mhná anois, agus tá spáinnéirín aige, agus nuair a raghaidh tú abhaile, fágfaidh sé an spáinnéirín aici. Nuair a raghaidh tú abhaile, déarfaidh sí leat, mar deir sé sin léi, go mb'fhearra² dhi é fhéin ná tusa. Má chuireann tú sinne fé ghlas, beidh tú marbh ag an spáinnéirín atá aici, ach abair léithi nách baol do.”

Nuair a tháinig sé abhaile:

“B'fhearra dhuit na gadhair bheaga a chuir fé ghlas,” arsa í sin, “tá spáinnéirín beag ana-dheas agamsa is deise ná iad.”

Dúirt Fios leis:

“Abair léithi é a chuir ar a bais.”

Sa choill a dúirt sé é. Ach nuair a tháinig sé isteach, dúirt sí leis iad a chuir fé ghlas.

“Dhera, ní chuirfead,” arsa é sin, “canathaobh?”

“Á, tá spáinnéirín ana-dheas agamsa, b'fhéi' gurb amhla a maraíodh é.”

“Ní baol do,” arsa é sin, “tusáin é.”

¹ Bearna fágtha sa lámhscríbhinn tar éis an fhocail seo.

² l.s. 'mbfearra'

Bhuail sí ar a bais é. Bhuail sé a lámh thíos féna bais, is chaith sé ar an urlár é, is do strac na trí cinn do spáinnéir as a chéile é. Ach nuair a bhí an fear eile ag imeacht:

“Má maraítear an spáinnéirín,” arsa é sin, “faigh ceann dá chnámha, agus cuir¹ féna cheann sa leabaidh é. Déanfaidh san an gnó.”

Nuair a bhí an spáinnéirín marbh ages na spáinnéir bheaga eile:

“Bailídh suas anois é,” arsa Fios, “agus cuirídh isteach ’on tine gach aon phioc do.”

Do chuireadar ach do fuair sí seans ar chnáimhín éigint, agus do bhuail sí chúichi é, agus d'imigh sé lá arna mháireach aríst ag fiach, agus an oíche sin, nuair a tháinig sé abhaile:

“Ó,” arsa í sin, “caithfidh mé an tig a dh'fhágaint. Tá eagla tagaithe agam roimis na spáinnéir. B'fhearra dhuit iad a chuir fé ghlas.”

Do dhein sé rud uirthi. Do chuir sé fé ghlas iad, agus nuair a shín sé sa leabaidh, do ghaibh an cnáimhín suas tríd, agus do cailleadh é. Do scread sé. Do scread Fios. Do screadadar ar fad. Níorbh aon chabhair dóibh é. Lá arna mháireach, bhí tiomáint go raibh sé cailte. Do tóraíodh é. Ach an lá a bhí sé á chur tréis é a dh'imeacht ón dtig, do scread na gadhair bheaga ag ologón.

“Dá bhféadfainnse teacht air,” arsa Leigheas, “do leighisfinn é. Á mbeinnse amuigh,” arsa Drad-Ualach, “do thiocfainn suas leo sara mbeidís ag an gcrosaire.”

Thugadar fén ndoras, agus do thugadar aríst fé. An tríú iarracht, do bhriseadar an doras. Way leo, agus do bhí sé leagaithe ar chrosaire acu san am gur shroich Drad-Ualach. Do phreab sí in airde ar an gcomhra.

“My!,” arsa í fhéin, “féach na gadhair a dh'fhágas im dhiaidh fé ghlas. Féach iad.”

Bhí na trí cinn ansan timpeall na comhran.

“Caithfear an *cover* a bhaint don gcomhra,” arsa athair an bhuachalla.

Baineadh an *cover* do, agus do chuaidh Drad-Ualach agus Fios [ar] dtaobh thiar do, agus thógadar aniar é. Do tháinig an leigheas ar dtaobh thiar do, agus do strac sí an t-éadach a bhí ar a drom, agus do thairrig sí an cnáimhín a bhí ceangailte ann, agus do chuir sí an teanga isteach sa pholl, is

1 l.s. 'chuir'

d'éirigh sé aniar comh maith is bhí sé riamh. Tháinig sé abhaile, agus d'eachtraigh sé dhóibh conas mar a bhí. Do chuir a hathair fhéin gairm scoile amach ar cad ba cheart a dhéanamh léithi sin. Is é an moladh a dheineadar san í a stracadh idir dhá chapall fhiaine.

“Níorbh aon phionós é sin,” arsa a hathair, “caithfidh sí pionós a dh'fháilt níos mó ná é sin.”

Cuireadh moladh eile uirthi, agus is é an rud a mholadar san cruach mhóna a bhí sa gharraí, í a shocrú ar chathaoir agus an chruach a riarú timpeall uirthi, taoscán geas¹, agus taoscán tarraidh a chaitheamh uirthi, agus tine a thabhairt di, í a dh'fhágaint ar an gcathaoir nó go leaghfadh sí. Bhí sé lántsásta leis sin. Sin é a deineadh léi. Socraíodh ar a gcathaoir í, agus do socraíodh an tine lasmuigh, agus do croitheadh geas uirthi agus tarra. Do tugadh tine do, agus d'fhan sí ansan nó gur leig sí anuas, gur thit na cnámha i ngabhal a chéile. Sin é a bhí tuillte aici².

Ó, chinnibh sé na madraí.

¹ Fo-nóta ó SÓD ag míniú gur ‘kerosene’ a bhí i gceist leis seo.

² c.f. ATU 404 ina bhfuil tagairt do leasmháthair a bheith á dó. Is é an chríoch chéanna a imíonn ar phríomhfheallaire ‘Gile Gréine’, scéal atá le fáil in §471 | CBÉ, 967: 490-500.

468. *Labhar Ó Loinsigh*¹

[?].8.45

CBÉ, 977: 390-392

Bhí duine uasal ana-mhór ann, agus aon duine a bhearradh a cheann, mharaíodh sé é mar bhí dhá chluais capaill air. Dréir dhealraimh gur duine ana-mhór é is ag rá go raibh neart aige na daoine a chuir chun báis. Bhí clúid aige ar na cluasa má feicfaí iad. Ach chuir sé crann ar mhac baintrí chun a cheann do bhearradh. Ní raibh aici ach é. Ach bhí sí ag lógóireacht, agus do tháinig sí chuige ag déircínteacht air. Ach do chorraigh sí comh mór san é, dúirt sé ná maródh sé in aon chor é, ach do chuir sé na leabhartha air gan an méid a chífadh sé a dh’insint d’éinne go deo. Do fuair sé a phas. Níorbh fhada go dtit sé chun drochshláinte. Ní fhéadfadh an dochtúir dul amach ar cad a bhí ag gabháilt do. Ach do bhí seandraoi insa áit. Dúirt duine éigint leis dul go dtí an seandraoi, go mb’fhéi’ go mbeadh leigheas aige dho. Chuaigh sé go dtí an seandraoi, agus dúirt sé leis an seandraoi go raibh sé titithe chun drochshláinte.

“Tánn tú,” arsa an seandraoi, “mar tá rún age t’aighe,” arsa é sin, “agus tá ceangal ort gan é a dh’insint d’éinne go deo. Téire go dtína leithéid seo do chrann atá sa choill,” arsa é sin, “is féadfair é a rá leis an gcrann.”

Chuaigh sé ’on choill, is dúirt sé leis an gcrann é. Bhí sé ag dul i bhfeabhas as san amach. Ach do ghaibh ceolthóir tríd an gcoill. Do chualaigh sé an port ag an gcrann. Is é an port a bhí aige:

“Tá dhá chluais chapaill ar Labhar Ó Loinsigh.”

Do bhí sé ag seimint i dtaobh éigint. Do bhí Labhar Ó Loinsigh ann, agus do chualaigh sé an port. Chuaigh sé go dtí mac na baintrí.

“Is ea,” arsa é sin, “do bhrisis na leabhartha.”

“Níor dheineas,” arsa mac na baintrí, “ach a leithéid seo. Bhíos titithe chun drochshláinte,

¹ Luaigh Máirtín Ó Briain an leagan seo de scéal Labhraidh Uí Loingsigh in *Béaloides*, Iml. 53 (1985), lgh., 11-74, áit a ndeir sé gur le Mórleagan I den scéal a bhaineann sé, rud a chiallaíonn gur leagan é dar leis a shíolraigh “i mbealach éigin ó leagan liteartha an Chéitinnigh nó na leaganacha sin a bhfuil an múnla ceanann céanna acu is atá ag an leagan liteartha sin,” (Ó Briain 1985: 36). Tá “leagan liteartha” den chineál dar thagair an Brianach le fáil in Bergin, 1925: 1-2.

agus dúirt seandraoi liom go raibh rún ar m'aigne is go raibh ceangal orm gan é a dh'insint
d'éinne beo, ach dul 'dtína leithéid seo dho chrann a bhí sa choill, agus é a rá leis.”

Níor mhairbh Labhar éinne as san amach.

469. *Mada rua Shasana*

[?].10.44

CBÉ, 965: 555-559

Buachaill ó Éirinn a chuaigh go Sasana, mheas sé ná raibh aige ach a bheith ag bailiú airgid i Sasana. Ach ní raibh aon tseans mór ag bualadh leis. Ach chuaigh sé isteach i gcoill, is bhí sé ag gabháil tríd an gcoill. Níorbh fhada go mbuail leon leis ceangailte dho chrann.

“É mhuis,” arsa an leon, “scaoil mé, agus déanfaidh mé páirtí dhuit¹ go deo².”

Scaoil sé an leon, agus bhíodar ag imeacht i dteannta a chéile, beirt acu. Níorbh fhada go bhfeaca sé droch-chuma ag teacht ar an leon.

“Ó, a leoin uasail,” arsa é sin, “tá drochsmainte éigin á dhéanamh duit.”

“Tá,” arsa an leon, “táim leis an áirithe seo gan aon ghreim a bhlaiseadh, agus tá an t-olc agus an mhaith ag cuir i gcoinnibh a chéile agam ar tusa a dh’ithe.”

“É mhuisse a leoin uasail,” arsa é sin, “ná dein, agus fágfaimid fén chéad triúr a bhuailfidh linn cad is ceart duit a dhéanamh.”

“Táim sásta leis,” arsa an leon.

Is é an chéad rud a bhuail leo, seana-chapall, agus chuireadar an moladh fé dhéin an tseana-chapail.

“Bhíos,” arsa é sin, “tamall, agus ní raibh aon chapall lé fáil ab fhearr ná mé. Nuair a chuas i gcrínne,” arsa é sin, “níor fhan aon mhaith ionam. Thiomáin mo mháistir bhuidh mé, agus dúirt sé liom bailiú bhuidh, agus gan filleadh níos mó air. Ach le gráin ar an gCríostaí,” arsa é sin, “ordaímse don leon uasal tú a dh’ithe.”

Bhailíodar leo. Is é an chéad rud eile a bhuail leo, gadhar fiaigh. Chuireadar an moladh chun an ghadhair fhiaigh.

“Nuair a bhíos óg,” arsa an gadhar fiaigh, “bhí dhá phaca gadhar fiaigh agem máistir³, agus do bhíos ar an gceann ab fhearr dos na gadhair. Nuair a chuas i gcrínne, níor dh’fhan aon

¹ l.s. ‘dhuid’

² c.f. AT 2075 Tales in Which Animals Talk.

³ l.s. ‘bmáistir’

mheas aige orm. Dúirt sé liom bailiú liom. Ach lé gráin ar an gCríostaí,” arsa é sin,
“ordaímse don leon uasal tú a dh’ithe.”

Is ea, ní raibh aige ach seans eile. Bhíodar ag imeacht orthu. Is é an chéad ainmhí eile a bhuail leo,
mada rua. Chuireadar an moladh chun an mhada ruaidh. Arsa an mada rua:

“Bhís-se ceangailte,” arsa an mada rua, “agus scaoil sé seo tú. Ar ndóthair, mara mbeadh gur
scaoil sé thú, caillfaí ag an gcrann tú.”

“Scaoilfinn fhéin mé fhéin,” arsa an leon, “mara ngeobhadh sé chugham in aon chor,”

“Bhuel,” arsa an mada rua, “níor mhór domhsa an áit go rabhais ceangailte a dh’fheiscint.”

D’fhilleadar aríst, agus thánadar go dtí an áit go raibh an leon ceangailthe.

“Ceangail é sin,” arsa an mada rua, “fé mar a bhí sé romhat.”

Do cheangal¹.

“An bhfuil sé comh ceangailte agat is a bhí sé romhat?” arsa an mada rua.

“Tá,” arsa é sin.

“Dhera mhuisse, cuir a thuilleadh air,” arsa an mada rua.

Chuir.

“Scaoil tú féin anois,” arsa é sin.

Dhé, ní fhéadfadh sé é.

“Dhé!” arsa an mada rua, “á mbeifeá comh fada anso liomsa, níor mhór an fhóirithint a
dhéanfá ar bhastairtí Shasana. Mise an trua,” arsa é sin, “ó thána anso. D’éalaíos isteach in
árthach,” arsa é sin, “chuin teacht anso, agus mise an trua,” arsa é sin, “ó thána ann. Téanam
ort anois,” arsa an mada rua, “is déanfaidh beirt againn páirtíocht.”

Bhíodar ag dul fé dhéin baile móir ansan.

“Cuir mise laistigh dod chasóig anois,” arsa an mada rua, “ag gabháil tríd an sráid mar
d’íosfadh na diabhair mé.”

¹¹ c.f. AT 23 The Fox (Man) Induces Wolf (Bear) to Impale Himself, scéal nach bhfreagraíonn go foirfe ar fad don méid
seo don Chriomhthanach ach a bhfuil a chosúlacht leis soiléir go leor mar sin féin. Ní luaitear an cineál seo in AT
ach leis an Ungáir, leis an tSeirbia agus leis an gCróait.

Chuir, agus nuair a chuadar tamall amach ón mbaile mór ansan, bhuail crann leo, agus scata cearc in airde sa chrann. Bhíodar ag siúl i dteannta a chéile, beirt acu. Dh'fhéach an mada rua in airde.

“Dia dhuit, a choiligh,” arsa é sin.

“Dia is Muire dhuit, a mhada ruaidh,” arsa an coileach.

“An bhfuil aon scéal nódh agat, a choiligh?” arsa é sin.

“Níl,” arsa an coileach.

“Tá scéal nódh agamsa mhuisse,” arsa an mada rua.

“Cad é féin?” arsa an coileach.

“Tá sé *passáltha* i *bparliament* inniubh,” arsa é sin, “ná féadfadsa féachaint ar chearc ná ar choileach go deo aríst.”

“Mhuisse,” arsa an coileach, “ní haon díobháil an méid sin a bheith *passáltha* i *bparliament* stop a bheith leatsa.”

“Ó, tá dhá rud eile *passáltha* ann,” arsa é sin, “ná féadfaidh aon ghadhar féachaint ormsa go deo aríst. Ná fuilim gafa tríd an mbaile anois,” arsa é sin, “is níor dh'fhéach aon ghadhar orm.”

Phreab an coileach anuas is thosnaigh sé ar a bheith ag glaoch nuair a ghreamaigh an mada rua é.

Shocraigh sé idir an dá chois ansan é. Arsa é sin leis an gcoileach:

“Tabharfaidh mé comhairle dhuit.”

Nuair a thosnaigh sé ar an gcomhairle, léim an coileach, is chuaigh sé 'on chrann aríst.

“Dhé! Mhuisse,” arsa an mada rua, “mo mhallacht a thugaimse dh'éinne a thabharfadh comhairle dh'éinne go mbeadh a chúram déanta aige¹.”

¹ Macalla á bhaint anseo as cineál atá áirithe in AT 62 Peace among the Animals – the Fox and the Cock: “the fox tries to beguile the cock by reporting a new law establishing peace among the animals dogs appear and the fox flees saying that the dogs have not yet heard of the new law. [J1421]”, (Aarne agus Thompson, 1981: 35).

470. *Tig Cúirte ó Londain i gCuan Fionntrá*

[?].2.46

CBÉ, 979: 264-266

Ar chualaís gur tugadh tig cúirte ó Londain go Cuan Fionntrá? Buachaill a bhí ag imeacht oíche, ag imirt chártaí is dócha a bhí sé. Ach do bhuail tig leis. Chuaigh sé isteach ann. Ní raibh éinne istigh roimis. Bhí solas breá ar fuaid an tí. Ní fhéadfadh sé a dhéanamh amach cad é an áit¹. Ní fheaca sé an tig riamh roimis sin, agus b'ait leis cad é an áit go raibh sé². Bhí seomra ann, agus chuaigh sé isteach 'on tseomra. Dúirt sé gur chuma leis cad é an áit a chluthródh sé é féin go maidean, is ní fada a bhí sé ann nuair a líon an tig isteach d'fhearaibh beaga beaga, agus cad é glisiam cainte a bhí acu. Sa deireadh, dúirt duine acu go raibh se in am a bheith ag imeacht. Bhí caipíní crochta ar an bhfalla. Thógadar anuas na caipíní is bhuaileadar orthu iad. Nuair a bhí na caipíní orthu:

“Heigh away,” arsa iad san, “to London Bank.”

Amach leo. Bhí sé ag cuimhneamh is ag machnamh, is fear misniúil go maith ab ea é. Tamall maith tréis iad a dh'imeacht, chonaic sé caipín ar an bhfalla. Thóg sé anuas an caipín. Chuir sé an caipín ar a cheann.

“Heigh away,” arsa é sin, “to London Bank.”

Ní túisce a bhí sé ráite aige ná tógadh amach an doras é. D'imigh sé ar nós na gaoithe. Fé cheann chúig neomaití, bhí sé istigh i mbanc Londain. Ní fheaca sé aon radharc ar na fearaibh beaga. Bhí a gcor³ tugtha acu. Ach do braitheadh mo dhuine, agus thánathars air, agus tógadh é. Bhí sé le crochadh láithreach, lá arna mháireach. Ach nuair a bhí sé sa chroich, fiarthaíodh do conas a tháinig sé ann.

“Tugaídh chugham an caipín,” arsa é sin, “agus neosfaidh mé dhíbh é. Ba mhaith liom an caipín a bheith ar mo cheann á chrochadh.”

Tugadh chuige an caipín, agus do chuir sé ar a cheann é. Nuair a bhí an caipín ar a cheann aige,

¹ Stráice mar seo fágtha sa téacs ag an scríobhaí.

² c.f. “an Bhreasail” sa ghluais maidir le foignimh dhraíochtúla a bheith ag teacht agus ag imeacht.

³ Úsáid an fhocail sa chomhthéacs seo mínithe ag SÓD a scríobh an líne seo a leanas: “fè mar a thabharfadh bád cor le líonta.”

d'fhéach sé timpeall air.

“Heigh away to Kerry,” arsa é sin, “courthouse and all,
into Ventry Harbour.”

Ní túisce sin ná tógadh le tig na cúirte, is lena raibh ann, agus ní stadadh leo go mbuaileadh istigh i lár Chuan Fionntrá iad. D'iarr sé ansan¹ é féin a thógaint amach, is an chuid eile a dh'fhanacht ann. Tógadh amach é féin. Bhí Cuan Fionntrá ar feadh suim mhaith blianta ina dhia' san, is ní fhéadfadh aon leabaidh ancaire a dh'fháilt ann.

¹ “le comhacht an chaipín” idir lúibín cearnógach tar éis na habairte seo.

471. *Gile Gréine*¹ IV

18.2.45

CBÉ, 967: 490-500

Bhí feirmeoir mór ann fadó, agus ní raibh aige ach aon leanbh amháin iníne nuair a cailleadh a bhean. Do phós sé i gcionn tamaill ina dhiaidh san, agus má phós, níor mhaith an earra an leasmháthair. Do bhí an gearrchaile beag ar an leanbh ba dheise a d'fhéadfá a dh'fhailt, agus fé mar a bhí sí ag dul san aos, ag dul i ndeiseacht a bhí sí, go raibh sí éirithe suas. B'fhearr leis an leasmháthair ná a bhfeaca sí riamh go mbeadh a cúram tógtha don tsaol. D'imigh an t-athair lá ón dtig, agus bhí bile pléisiúir ina ghairdín aige. Tá a fhios agat cad é an rud bile pléisiúir – crann beag, agus bhí cathaoir aige in aice leis. Do tháinig a leasmháthair, agus do ghearraigh sí é, agus do chuir sí mar cheangal ar an leasiníon gan é sin a dh'insint d'éinne go deo go neosfadh sí do leanbh seacht bliana gan baisteadh é. Nuair a tháinig an t-athair abhaile tráthnóna, nis sí dho cad a bhí déanta ag an iníon. Is é ainm a bhí baistithe uirthi, léna deiseacht, 'Gile Gréine'.

“Go deimhin fhéin, a Ghile Gréine,” arsa an t-athair, “dob annamh leat aon drochní a dhéanamh.”

Sin a gcuir sé dho nath ann. An chéad lá eile a dh'imigh sé, do dhóigh sí an iothla, agus nuair a tháinig sé abhaile tráthnóna, chonaic sé an iothla dóite. Do chuir sí sin mar cheangal ar Ghile Gréine gan é a inisint d'éinne go deo, go neosfadh sí do leanbh seacht bliana gan baisteadh é. Nuair a tháinig an t-athair:

1 Scéal idirnáisiúnta é seo dar le Stiofán Ó Cadhla a d'áirigh é mar leagan de AT 706 agus E788 istigh ann mar mhóitíf. Ba ag plé le leagan den scéal a bailíodh ó Ghobnait Ní Chinnéide a bhí sé sin, agus ‘Scéal Grásta na Foighne’ mar theideal air, teideal nach eol d’Ó Cadhla cad as ar tháinig sé. Is beag air an teideal céanna, á rá faoi, i gcomhthéacs ailt ar shuíomh na mban sa traidisiún, “go bhfuil cluas bhodhar á tabhairt do scéal na mná” sa teideal seo (2011: 191-193). Ní léir arbh é an Dálach nó an Criomhthánach a bhaist ‘Gile Gréine’ ar leagan an eagráin seo, ach is cinnte go réiteodh sé níos fearr le Stiofán Ó Cadhla de bharr gur ainm na mná féin atá chun cinn ann. Bhí leagan seo an Chriomhthánaigh áirithe in TIF 706 leis. Is é an achoimre seo a leanas a thug Seán Ó Súilleabháin as Béarla air in *A Handbook of Irish Folklore*: “a girl’s hands are cut off when she is wrongly accused... She gets back her hands miraculously and is restored to her husband. Thorn tree grows from the foot of her accuser. Truth revealed” (1942: 571). Deir Stiofán Ó Cadhla linn gur bunaithe ar an scéal seo atá dán le Nuala Ní Dhomhnaill dar theideal ‘An Leanbh Gan Baiste’ (2011: 198): “Ach tá cluasa ar na clathacha, is súile ar an machaire, gach éinne ar a chonsiasa féin: clois a gcloisfí, agus feic a bhfeicfí,” (Ní Dhomhnaill, 1984: 45). Tá taifeadadh fuaime de leagan eile den scéal céanna le clos ar rian uimhir a cúig den dlúthdhiosca.

“Cad a dhóigh an iothla?” arsa é sin.

“Dhóigh Gile Gréine é,” arsa an leasmháthair.

“Go deimhin, a Ghile Gréine,” arsa é sin, “b'annamh leat aon drochní a dhéanamh.”

Sin ar dhein sé léi. Ní raibh an leasmháthair sásta. An chéad lá eile a dh'imigh sé, do dhóigh sí an stábla a bhí aige. Do dódh capall a bhí istigh ann. Do chuir sí mar cheangal ar Ghile Gréine gan é a dh'insint d'éinne mara neosfadh sí dho leanbh seacht mblian gan baisteadh é. Nuair a tháinig an t-athair tráthnóna, bhí an stábla dóite, agus an capall dóite.

“Cad a dhein é seo?” arsa é sin.

“Ó, cé a dhéánfadh é,” arsa an leasmháthair, “ach Gile Gréine.”

“Is ea a Ghile Gréine,” arsa é sin, “ní fheadfaidh mé a thuilleadh foighne a dhéanamh. Bí ullamh ar maidin amáireach.”

Bhuail sé isteach ina chóiste chuige ar maidin amáireach í, agus d'ardaigh sé leis í go gcuaigh sé isteach i gcoill. Do thóg sé amach as an gcóiste í. Do bhain sé lámh di.

“An tinn leat é sin, a Ghile Gréin?” arsa é sin.

“Is tinn a athair,” arsa í sin, “agus do dhá láimhse á dhéanamh liom.”

“Ní tinne liomsa é,” arsa é sin, “ná mo bhile pléisiúir a ghearraais.”

Do bhain sé an lámh eile dhi.

“An tinn leat é sin, a Ghile Gréine?” arsa é sin.

“Is tinn, a athair,” arsa í sin, “agus do dhá láimhse á dhéanamh liom.”

“Ní tinne liomsa é,” arsa é sin, “ná m'iothla a bheith dóite.”

Bhain sé an dá chín amach aisti.

“An tinn leat é sin, a Ghile Gréine?” arsa é sin.

“Is tinn a athair,” arsa í sin, “agus do dhá láimhse á dhéanamh liom.”

“Ní tinne liomsa é,” arsa é sin, “ná mo stábla agus mo chapaill a bheith dóite agat.”

Sin ar dhein sé.

“Cuir in airde ar chrann anois mé,” arsa í sin, “sara n-íosfaidh na gadhair mé.”

Do theanntaigh sé léi go gcuaigh sí in airde tamaillín in airde ar chrann, agus d'imigh sé an bóthar abhaile¹. Nuair a bhí sé á fágaint:

“Tarraimse ar Dhia,” arsa í sin, “agus nuair a raghaidh m'athair abhaile, go dté dealg droighean id chois, agus nár fhéad aon duine é a bhaint go mbainfidh mo dhá láimhse aríst é.”

D'imigh sé abhaile, agus an tráthnóna céanna, do bhraith an dealg droighean ina chois. Fé mar a bhaineadh dochtúir é, is ea is mó a mhéadaíodh sé. D'fhan mar sin, agus an tráthnóna céanna do ghaibh mac duine uasail tríd an gcoill ag foghlaireachta, agus do chonaic sé sa chrann í. Ní fhéadfá bean ba bhreátha ná í a dh'fháilt in aon áit. Thit sé i ngrá léi ar a shon gan aon lámh a bheith uirthi. Do tháinig sé abhaile, agus do thug sé leis cailín, agus do thógadar anuas í. Bhí tig insa choill go mbíodh beithígh ag dul isteach ann. Thógadar isteach ann í, agus do dhein sé tine, agus do téiodh leis an dtine í. Tugadh bia, agus deoch chúichi, agus coinníodh léithi é. Níl aon lá ná téití dó² nó trí uairibh chúichi. Cuireadh leabaidh chúichi, agus cuirtaí chun codlata í. Ach i gcionn trí ráithe, do saolaíodh leanbh óg di. Ní raibh éinne timpeall uirthi, an créatúr. Bhí an leanbh ag béicigh. Do labhair an guth.

“Ná tógfa an leanbh?” arsa an guth.

“Ní fhéadfainn é,” arsa í sin, “mar do bhain m'athair mo dhá láimh díom.”

“Tástáil,” arsa an guth.

Do thástáil, agus bhí dhá láimh uirthi, comh breá is bhí ar bhean riamh. Do thóg sí an leanbh, agus bhí an leanbh ag gol ansan. Do chuir sí éadach ar an leanbh, agus níorbh fhada gur labhair an guth aríst.

¹ Bhí móitífeanna mar a fhaightear sa scéal seo cómónta ar fud na tíre faoi mar is féidir a dhéanamh amach as cuntas Néill Uí Dhubhthaigh ó Gort an Choirce, Contae Dhún nan Gall, in CBÉ, 818: 159-89: “Bhí cuid mhór scéalta ag Máire bhocht, ach bhí cuid mhór acu fá chailín a dhíbir leasmháithreacha, agus an drochíde a tugadh orthu amuigh ins na coilltibh, agus d'inseadh sí do na páistí beag soineanta gur sin an dóigh ar chaill sí féin a cos. Bhí na créatúir sin comh hamaideach agus go gereideadh siad achan fhocal dá n-inseadh siad sí [sic] díofu, agus is minic a chonaic mé iad ag teacht ina bhaile ,agus ag inse dá muintir an scéal mór a d'inis Máire na leathchoise díofu fán dóigh ar chaill sí a cos”. Bhí móitífeanna an scéil seo cómónta beagáinín níos faide soir ó thuaidh aríst, agus an fhianaise is déanaí againn ar an ráiteas sin le fáil ar cheirnín leis an ealaíontóir Albanach Martyn Bennett, agus i rian dar theideal ‘Storyteller’: “He takes the saw and he cuts off her two breasts. He says ‘daughter, there, is that sore?’. ‘Oh, yes,’ she says, ‘father, very sore’. ‘That’s no sorer to you’, he says, ‘than the...’” (Bennett, 2003)

² I.s. ‘dabha’

“Tabhair an chín don leanbh,” arsa an guth.

“Ní fhéadfainn é, mar do bhain m'athair an dá chín amach asam,” arsa í sin.

“Tástáil,” arsa an guth.

Do thástáil, agus do bhí dhá chín aici comh breá is do bhí age bean riamh. Ar maidin, nuair a tháinig mac an duine uasail ar a tuairisc. Chonaic sé conas a bhí, is do tháinig uafás air. Tháinig sé abhaile aríst, agus do thug sé leis an cailín, agus capall, agus ceirt. Do thugadar leo abhaile go dtína thig fhéin í. Cuireadh isteach i leabaidh í nó a raibh sí go maith. Theastaigh bhuathu ansan go ndéanfaí an leanbh a bhaisteadh. Chuir sí mar cheangal ar a fear gan an leanbh a bhaisteadh go ceann seacht mbliana mar go raibh cúram mór aici fhéin do. Do dhein sé rud uirthi. Bhí muintir an tí leagaithe lé cion uirthi. Bhíodar ag déanamh go hana-mhaith ansan go raibh na seacht mbliana suas. Níor imigh aon bhliain i gan fhios di. Nuair a bhí na seacht mbliana suas:

“Is ea,” arsa í sin léna fear, lé mac an duine uasail, “faigh do chapall, is do cheirt anois,” arsa í sin, “go raghaidh mé ar thuairisc m'athar.”

Do ghaibh sé an capall. D'imíodar, agus do bhain sé amach tig a hathar. Do bhí an t-athair thuas insa chúinne, agus pian, agus tinneas air. Má bhí, níor aithin sé a iníon, ach a dtáinig sí isteach. Ach do bheannaigh sí. Fuair sí cathaoir, agus do shuigh sé ann. Bhí an leanbh in aice léi. Do rug sí ar bhiorán, is do bhain sí an dealg. Ní túisce a chuir sí an biorán sa dealg ná thit an dealg amach, agus d'imigh na pianta. Tháinig uafás air, an *relief* a fuair sé comh tapaidh.

“Is ea,” arsa í sin, “do bhíos-sa anso,” arsa í sin, “agus do cailleadh mo mháthair, agus phós m'athair aríst. Duitse atháim á dh'insint, a leanbh na seacht mblian gan baisteadh,” arsa í sin.

“Ní d'éinne eile. Bhí mo leasmháthair, bhí sí lán d'éad liom, agus b'fhearr léithi go mbeadh mo chúram tógtha dhon tsaol. Bhí bile pléisiúir age m'athair ina ghairdín. Do ghearraigh sí é lá a bhí sé ón tig. Do chuir sí mar cheangal ormsa gan é a dh'insint d'éinne, go neosfainn do leanbh seacht blian gan baisteadh, agus is duitse atáimse á dh'insint, a linbh seacht mblian gan bhaisteadh. Nuair a tháinig m'athair abhaile tráthnóna, do ghearán sé mé gur dheineas é. Más ea, níor dhein m'athair éinní liom. An chéad lá eile a d'imigh sé ón dtig, do dhóigh sé an

iothla. Do chuir sí mar cheangal ormsa gan é a dh'insint d'éinne go neosfainn do leanbh seacht mbliana gan baisteadh é, agus is duitse táimse á dh'insint, a leanbh na seacht blian gan baisteadh. Nuair a tháinig m'athair abhaile tráthnóna, d'fhiarthaigh sé cad a dhóigh an iothla. Dúirt mo leasmháthair gur mise a dhóigh é. Dúirt m'athair gurbh annamh liom aon drochní a dhéanamh. Chaitheas mo bhéal a éisteacht. Bhí an ceangal orm. D'imigh sé lá eile ón dtig. Do dhóigh sí an stábla, agus dódh an capall a bhí istigh ann, ach nuair a tháinig sé abhaile tráthnóna, dúirt mo leasmháthair gur mise a dhein é a dhó. Is ea, a Ghile Gréine, arsa m'athair, tá deireadh na foighne caite agam leat. Ní fhéadfainn seasamh leat. Bí ullamh maidin amáireach. Ar maidin amáireach, bhuail sé isteach ina chóiste mé, agus d'ardaigh sé leis isteach 'on choill mé. Do bhain sé lámh díom, agus d'fhiarthaigh sé dhíom ar thinn liom é sin. Dúirt leis gur thinn, agus a dhá lámh á dhéanamh liom. Ní tinne liomsa é, arsa é sin, ná mo bhile a ghearrais. Do bhain sé an lámh eile dhíom. An tinn leat é sin, arsa é sin. Is tinn arsa mise, ags do dhá láimhse á dhéanamh liom. Ní tinne liomsa é, arsa é sin, ná m'iothla a dhóis. Duitse atáimse á dh'insint, a leanbh na seacht mblian gan baisteadh. Bhain sé an dá chín amach asam. An tinn leat é sin, a Ghile Gréine? Arsa é sin. Is tinn arsa mise, agus do dhá láimhse á dhéanamh liom. Ní tinne liomsa é,” arsa é sin, “ná mo stábla athá dóite, agus mo chapall. Do bhailimh sé bhuam, agus d'iarras ar Dhia dealg a dhul ina chois, mar bhí an éagóir chugham. Ach duitse atáimse á dh'insint, a leanbh na seacht blian gan baisteadh.

Dúirt an t-athair ansan go gcuirfeadh sé amach gairm scoile ar cad é an íde ba cheart a thabhairt ar an leasmháthair.

“Ní gá dhuit aon íde a thabhairt uirthi mar gheall ormsa,” arsa í sin, “ar a shon gur mór an pian a fuairas.”

“Ní bheadsa sásta leis sin,” arsa an t-athair, “mar tá pian mór fachta agam fhéin lé hocht mbliana, agus do thugas pian duitse san éagóir. Ní gheobhaidh sí a bheith mar sin in aon chor.”

Chuir sé gairm scoile amach cad é an íde ba cheart a thabhairt uirthi, agus is é an rud a mholadar

san í a stolladh idir chapaille fiaine. Dúirt sé sin nárbh aon phionós an méid sin. Cuireadh moladh eile uirthi, agus is é an moladh a dheineadar san í a chrochadh¹. Dúirt sé nárbh aon phíonós é sin leis. Ach an tríú moladh, is é an moladh a mholadar san, cruach mhóna a bhí sa gharraí aige a dh'adú timpeall. Cathaoir a bhualadh chúichi istigh ina lár, agus geas, agus tarra a chaitheamh air, agus tine a thabhairt do go mb'fhéi' go ndéanfadh san pionós a thabhairt di.

“Sin rud éigin,” arsa é sin.

Sin é mar a deineadh léi. D'imigh Gile Gréine, agus mac an duine uasail, agus do phósadar, agus do bhaisteadar an leanbh, agus do mhaireadar go lánásasta as san amach. Ní rabhas ach cúig mbliana ach a gcuala é sin, is tá sé agam ó shin, agus táim glan trí bliana agus trí fichid anois. Chuala age driotháir a bhí agam é.

Bhí táilliúir ar an mbaile seo fadó. Bhíodh cuileachta gach aon oíche aige. Conchubharach ab ea é. Ó, tá sé caillthe lé fada riamh. Chonac mac do. Bhíodh sé ag scéaltóireacht. Deireadh sé scéal oíche, agus théadh sé amach i lár na hoíche. D'aithníodh sé ar na réiltíní cad é an t-am a bhíodh sé.

“Tá sé i lár na hoíche anois,” a deireadh sé. “Téidh abhaile anois, agus déarfaidh mé an leath eile istoíche amáireach. A leath atá ráite anocht agam.”

Ba mhaith fada an scéal é.

1 l.s. 'chróchadh'

472. *Garsún a bhain banbh as cráin*

1.1.45

CBÉ, 968: 61-63

Bhí feirmeoir fadó ann, agus ní raibh aige ach aon leanbh amháin nuair a fuair a bhean bás. Do phós sé aríst, agus bhí sé ag caitheamh a shaoil ansan. Bhí an garsún ag éirí suas, is é mór go maith. Ach chuadar lá 'on bhaile mór é féin, agus a bhean, agus dúirt sé leis an ngarsún an poll prátaí a dh'fhaire go maith ar an gcráin ar eagla go raghadh sé ann. Dúirt an garsún go ndéanfadh. I gcaitheamh an lae, do chonaic an garsún garsúin an bhaile, agus camáin acu. Do dhein sé féna ndéin, agus an camán aige, agus do thug sé an lá ina dteannta, ach siar tráthnóna is ea a chuimhnigh sé ar an gcráin.

“Á,” arsa é sin, “is dócha go bhfuil an diabhal déanta.”

Tháinig sé abhaile, is bhí aon chráin istigh go dtína leath sa pholl prátaí. Rug sé ar chloch. Do bhuail sé an chráin. D'imigh an chráin isteach abhaile. Do lean sé isteach í, is do chaith sí í féin istigh, agus bhí sí ag caitheamh banbhaí marbha bhuaithi gur chaith dhá cheann déag bhuaithi.

“Á,” arsa é sin, “níl aon ghnó agamsa anso anocht. Tá sé comh maith agam taobh éigint eile a bheith agam.”

Bhailimh sé leis, agus níor ghaibh sé an bóthar in aon chor ar eagla go mbeadh an t-athair ina choinne, ach bhí an oíche ag teacht, is bhuail feirmeoir eile leis. D'fhiarthaigh sé dho cá raibh sé ag dul. Dúirt sé go raibh sé ag lorg aimsire.

“Téire go dtí an dtig sin thuas,” arsa feirmeoir.

“Nílimse i mbun teacht abhaile anocht aríst 'dtí amáireach, agus abair lé bean an tí go ndúrtsa tú a dh'fhágaint istigh.”

Chuaigh sé go dtí an dtig, agus nis sé scéal do bhean an tí.

“Dhé, n'fheadarsa cé hé tú fhéin,” arsa í sin, “ní fhágfadsa istigh tú.”

Bhailimh sé leis amach, agus chuaigh sé isteach i mbothán a bhí amuigh, agus shín sé istigh ann, agus do chonaic sé an bhean ag dul ag triall ar uisce. D'éalaigh sé isteach. Chuaigh sé isteach fé

chúib cearc a bhí istigh, agus do chlúdaigh sé go maith é fhéin chun ná cífeadh sí é, agus i gcaitheamh na hoíche, do ghaibh fear isteach, agus do dhein bullóg aráin, agus nuair a bhí an bhollóg bÁCáltha, do bhí cráin ar chliathán an tí go raibh banbhaí aici. Rugadh ar bhanbh, agus do maraíodh é, agus deineadh é a bharrdhó insa tine, agus níorbh fhada gur chualadar an chairt ag teacht. D'imigh rud éigin ar an bhfeirmeoir go gcaith sé filleadh, agus nuair a tháinig sé isteach, d'fhiarthaigh sé cá raibh an garsún. Dúirt sé gur ghaibh sé chúichi, agus ná feadair sí cérbh é féin. Ach do chuir sí an bhollóg laistiar don *settle*. Shuigh sí an banbh in airde ar an gcúl-lochta, agus do chuir sí an t-arán isteach i gcomhartha mór a bhí ar chliathán an tí, ach do bhí an feirmeoir ag gabháilt don mbean i dtaobh a rá nár fhág sí istigh a garsún.

“Ó, táim anso a mháistir,” arsa an garsún ag éirí amach, agus é go lántsásta ansan.

Bhíodar ag caint. D'fhiarthaigh an feirmeoir do cad as a tháinig sé nó cérbh é fhéin nó cé a bhí ina dhiaidh.

“Do fuair mo mháthair bás,” arsa é sin, “agus do phós m'athair aríst, agus do bhíodar ag dul 'on bhaile mór inniubh,” arsa é sin, “agus fuaireas ordú an chráin a dh'fhaire ar pholl prátaí. Do chonac garsúin an bhaile, agus comáin acu. D'imíos féna ndéin, agus mo chomán agam agus siar sa lá is ea a chuimhníos ar an gcráin. Thána abhaile, agus do bhí an c[h]ráin istigh 'dtína leath sa pholl prátaí. Rugas ar leac,” arsa é sin, “comh mór leis an mbollóg athá sa taobh thiar don *settle*, agus bhuaileas an chráin. D'imigh an chráin isteach abhaile, agus do leanas í. Seo ag caitheamh banbhaí bhuaithi í, comh mór leis an mbanbh athá in airde ar an gcúl-lochta athá barrdhóite, agus go deimhin, bhí oiread sceimhle agus oiread eagla orm leis an bhfear atá istigh sa chomhartha.”

“Abair aríst é sin a gharsúin,” arsa an feirmeoir.

Dúirt sé aríst é. Ní gá dhomhsa é a rá is dócha. Chuaigh sé ar dtaobh thiar don *settle*, agus do fuair sé an chúlóg. Thóg sé an *cover* don gcomhartha, agus do chonaic sé an fear. Do chuaigh sé ag lorg a phíce. Fad a bhí sé ag lorg an phíce, bhí an fear eile éalaithe leis. Thug sé a chosa leis. Is dócha nárbh fhearr rud do. Ach do fuair an bhean órdú gan barra méire a bhualadh ar an [n]garsún, nó má

dhéanfadh, gurb í fhéin a gheobhadh an píce.

473. *Muiris Breac*

8.12.44

CBÉ, 966: 478-480

Bhí fear ann fadó, agus ní raibh aige ach aon leanbh amháin nuair a fuair a bhean bás, is phós sé aríst, agus níor mhaith an ceann linbh an leasmháthair. Bhí sí go dona. Is é an ainm a bhí ar an leanbh 'Muiris Breac'. Bhíodh Muiris go cortha cráite ag an leasmháthair. Ní bhíodh éinní déanta i gceart ná i gcóir aige. Bhí fearaibh aici ag dó aoil, agus dúirt sí leothu oíche an chéad duine a gheobhadh chúichi ar maidin amáireach, é a chuir isteach 'on tine. Ghlaigh sí go moch ar maidin ar Mhuiris.

“Seo leat,” arsa í sin, “agus téir ag féachaint conas atá na fearaibh úd ag obair.”

D'imigh Muiris bocht, agus gan éinní ite aige, agus i gcaitheamh an bhóthair, do tháinig cith air, cith bháistí. Bhí seana-bhóithrín sa tslí roimis, agus chuaigh sé isteach sa tseana-bhóithrín, agus luigh sé fé thor aitinn. Thit a chodladh air, agus thug sé tamall maith ansan. Thiomáin an leasmháthair a mac fhéin a fhéachaint conas a bhí an scéal, an raibh Muiris dóite. D'imigh sé, agus do bhain sé amach lucht na tine. Do rugadar air, is bhuaileadar isteach 'on tine é. Nuair a d'éirigh Muiris bocht, léim sé, is seo leis ar sodar. Do bhain sé amach iad.

“Cad a thug anso thú?” arsa iad san.

“Mo leasmháthair a chuir anso mé, féachaint conas a bhíobhairse ag déanamh.”

“Tá go maith aged leasmháthair,” arsa iad san. “Tá a mac fhéin dóite anso. Is dócha gur tusa a bhí lé dó. Cad a d'imigh ort?”

“Tháinig cith orm,” arsa é sin, “agus do chuas isteach sa tseana-bhóthairín, agus luíos fé thor aitinn. Thit mo chodladh orm.”

“B'shin¹ í an chith thairbheach duit,” arsa iad san.

“Mo sheacht míle mallacht ar éinne ná stadfadh ón gcith,” arsa Muiris.

1 l.s. “~~sin~~ bin”

474. Tá an chéad tig go gcónaís ar lár

6.1.45

CBÉ, 967: 174-176

Bhí rí fadó ann, agus do bhuail an mháthair breoite. Bhí sí ana-shuarach.

“Is ea,” arsa an rí, “táimse ag imeacht anois,” arsa é sin, “agus is dócha ná tiocfaidh mé go ceann seachtaine. Má chuirtar mo mháthair i gan fhios dom, maróidh mé gach a bhfuil sa tig, agus má thairrigíonn éinne anuas a hainm í a bheith marbh, maróidh mé é.”

Ba dheocair é a shocrú. I gceann cúpla lá, do fuair a mháthair bás, agus bhíodar trína chéile cad a dhéanfaidís. Bhí buachaill ann.

“Má dh'fhaighimse éinní cóir,” arsa é sin, “raghaidh mé lé scéala chuige.”

Nis sé dhóibh cad é an áit go mbeadh sé sa bhaile mhór. Do thug gach aon duine acu síntiús don mbuachaill, agus d'imigh sé, agus do shroich sé an áit ar bhreacadh an lae, agus chuir sé tuairisc cad é an seomra go raibh an rí ina chodladh. Stiúraíodh é. Do chuaigh sé go dtí an bhfuinneog, agus dhein sé ana-*clatter* ag an bhfuinneog.

“Cad é an t-*alarm* é seo?” arsa an rí istigh.

“Tá na clocha á dh'iontú,” arsa é sin.

“Tá do scéal ana-shuaithinseach,” arsa an rí.

“Tá an chéad tig go cónaís ar lár,” arsa é sin.

“Tá mo mháthair marbh,” arsa an rí.

“Cuir amach do cheann chugham,” arsa é sin, “tú fhéin is eachtra í¹ a bheith marbh.”

“Buail timpeall,” arsa é sin, “is tair isteach.”

Thug sé ordú é a scaoileadh isteach.

“Thá déanta go maith agat,” arsa é sin, “an bhfuairis éinní cóir as teacht?”

“Fuairéas an oiread so,” arsa é sin.

¹ Mar seo a chuirtear an chomhréir seo faoinár mbráid sa lámhscríbhinn, ach amháin go bhfuil ‘X’ scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh ar thaobh na láimhe clé den fhocal ‘eachtra’ agus dhá chomhartha cheiste os a chionn agus líne tarraingthe tríothu.

“Bhuel, tabharfadsa dhá oiread duit,” arsa é sin, “tá déanta ana-mhaith agat.”

Chualaís cheana é sin.

475. *An Gobán Saoir*¹

11.2.45

CBÉ, 967: 420-426

Bhí saor fadó ann, agus is é an ainm a bhí air, an Gobán Saoir. Ní raibh éinne insa tig ach amháin é fhéin, agus a mhac. Ní raibh aon bhean tí acu². Is ea, dúirt sé léna mhac ná raibh aon dealramh lé bheith mar seo, nár mhór dóibh bean tí. Bhí céad bean lé fáilt aige. Chuir sé crann ar b[h]ean, ach do theastaigh ón athair go gcífeadh sé í. Dúirt sé leis í a thabhairt chun an tí. Do thug. Nuair a tháinig sé isteach, chuir sé fáilthe roimpi. Do bhí corcán anso, agus corcán ansúd, agus níor thóg sé aon cheann acu bhuaithi féin, ach í ag déanamh slí chun teacht aníos ar an dtinteán. Do thug sé 'on tseomra í. Bhí comhra aige ann go raibh airgead agus ór ann.

“Féach,” arsa é sin.

“Ó,” arsa í sin, “ní fhéadfai é a chaitheamh go deo.”

“Téir abhaile,” arsa é sin.

Sin é mar a bhí. Tháinig céad bean, agus níor sháisimh éinne acu é. Ach sa deireadh thiar thall, do mhairbh sé caíora. Do bhain sé an croiceann di.

“Beir leat é sin anois,” arsa é sin, “’on bhaile mhór.”

“Cad air a dhíolfaidh mé é?” arsa an mac.

“An croiceann agus a luach,” arsa é sin, “a thabhairt chughamsa abhaile aríst.”

“Ó, ní gheobhad é sin ó éinne,” arsa an mac.

“B’fhéidir go ngeofa,” arsa é sin.

D’imigh an mac, agus an croiceann aige, agus fiarthaíodh do cad a bhí bhuaidh ar an gcroiceann.

“An croiceann agus a luach,” arsa é sin.

Is amhla a bhíothars ag gáirí fé. Tháinig sé abhaile.

¹ “Bhí fear cáiliúil uair amháin darb ainm Gobán Saor,” a scríobh Peggi Ní Chonghaile (CBÉ, 93: 366), agus go deimhin, tá a cháil leata ar fud an domhain faoin tráth seo. Tá seanchas Fraincise ar an bpearsa chéanna ag Mike Burns, scéalaí ó Uíbh Ráthach ó dhúchas, in *Raconte-moi que tu as vu, l’Irlande* (Burns, 2003:19-22), agus bhí ceithre cinn déag de scéalta ar an nGobán Saor i gcló ag Ella Young mar chuid de chnuasach Béarla faoi 1927 in *The Wonder-Smith and His Son* (1927, c.f. Young, 1957).

² Àr chuma na beirte d’fhilí na Cille go dtí gur phós Seán Óg le Maighreád sa bhliain 1901.

“Níor dhíolas é,” arsa an mac, “mar ná féadfainn é a dhíol.”

“Imigh amáireach aríst,” arsa é sin.

D'imigh sé amáireach aríst, agus ní bhfuair sé éinne dho. Dúirt sé leis imeacht an tríú lá. Bhí leisce ar an mac imeacht, ach chaith sé imeacht. Bhí bean ar thaobh an bhóthair ag níochnán istigh in abhainn.

“Mhuise,” arsa í sin, “caileann tú ag imeacht gach aon lá leis an gcroiceann san?”

“Mhuise, táim ag imeacht leis an ndíthchéille,” arsa é sin, “lé comhairle m'athair.”

“Gadé an chomhairle a thug t'athair duit?” arsa í sin.

“Dúirt sé liom an croiceann agus a luach a thabhairt abhaile chuige. Ní gheobhainn é sin ó éinne.”

“Tá an ceart age t'athair,” arsa í sin, “sáin domhsa an croiceann.”

Thug sí léithi isteach é, agus do bhí corcán uisce ar an dtine aici. Do chuir sí as cionn an gal a bhí as an gcorcán an croiceann, agus do bhog an olann air. Bhain sí anuas an olann don gcroiceann, agus do thomhais sí é, agus thug sí dho fiacha na hola. Nuair a tháinig sé abhaile go 'dtí an athair:

“Is ea,” arsa an t-athair, “an ndíolais an croiceann dom?”

“Dhíolas,” arsa é sin.

“Cé a cheannaigh an croiceann bhuit?” arsa é sin.

Nis sé dho.

“Téir, is tabhair leat an cailín sin amáireach,” arsa an t-athair.

D'imigh sé, is do thug sé leis an cailín amáireach, agus nuair a tháinig sí sin isteach, ní raibh éinní á raibh ar an urlár ná réitigh sí roimpi go dtáinig sí ar an dtinteán. Thug sé 'on tseomra í. Theasáin sé comhra airgid di, agus óir.

“Cad a déarfá leis sin?” arsa é sin.

“Tá sé go maith,” arsa í sin, “dá bhféadfá é a chinneáilt mar sin.”

“Ana-mhaith,” arsa é sin.

Deineadh an cleamhnas. Níor mhór an mhoill á dhéanamh, agus do pósadh iad. Bhíodar ag

déanamh go hana-mhaith i dteannta a chéile ansan. Tháinig scéala chuige ansan tamall ó bhaile ó dhuine mhór ann go raghadh sé ag tógaint tí chuige. Do dh'imigh sé fhéin, agus a mhac, agus ní fada dhon mbóthar a bhí sé nuair a dúirt sé leis an mac:

“Ciorraigh an bóthar dom.”

“Conas a chiorróinnse an bóthar duit?” arsa an mac.

“Téir abhaile bhuam,” arsa é sin.

D'imigh sé abhaile.

“Cad a dh'fhill tú?” arsa a bhean.

“Dhera, an t-amadán úd a dúirt liom an bóthar a chiorrú dho. Ní fhéadfainnse é a chiorrú dho.”

“Imigh ort go tapaidh ina dhiaidh anois,” arsa í sin, “agus tosnaigh ar a bheith ag eachtraí ar scéalta dho.”

D'imigh, agus do thosnaigh sé ar a bheith ag eachtraí scéalta dho.

“Tá go maith,” arsa é sin, “cuir plainceadaí ar an mbóthar dom.” arsa é sin.

“Ó, tánn tú imithe ar fad,” arsa an mac.

“Téir abhaile bhuam,” arsa an t-athair.

Tháinig sé abhaile.

“Cad a dh'fhill aríst tú?” arsa a bhean.

“Dhera, dúirt sé liom plainceadaí a chuir ar an mbóthar do, agus conas a chuirfinnse plainceadaí ar an mbóthar do.”

“Lean aríst é,” arsa í sin, “agus abair leis siúl ar ghrua glas an bhóthair, gurb shin pluincéad aige.”

D'imigh sé ina dhiaidh. Ní raibh aon deabhadh mór ar an athair ag imeacht go dtiocfadh sé suas leis ach nuair a tháinig sé suas leis, dúirt sé leis siúl ar ghrua glas an bhóthair gurb shin pluincéad aige.

“Tá go maith,” arsa an t-athair.

Chuadar chun cinn, agus nuair a bhí sé ag fágaint an tí, dúirt a bhean leis an bhfear óg a bheith go

maith dos na seirbhísigh a bheadh insa tig gach aon uair a gheobhadh sé aon aga ar aon chabhair a thabhairt dóibh. Bhíodar ag obair. Nuair a d'fhaigheadh sé aon tamall díomhaoín, bhíodh sé ag tabhairt lámh leis na seirbhísigh. Bhíodar ana-bhaoch do. Ach nuair a bhí an tig nách mór críochnaithe:

“Is ea,” arsa duine acu leis, “tánn tú féin, agus t'athair lé marú tréis é seo a chríochnú.”

“Canathaobh?” arsa é sin.

“Ar eagla go mbeadh aon tig eile in Éirinn níos fearr ná é.”

“Tá go maith,” arsa é sin.

Dúirt sé leis an athair é. Nuair a bhí an tig críochnaithe:

“An bhfuil sé críochnaithe anois?” arsa fear an tí.

“Tá sé críochnaithe, éinní amháin athá in easnamh air,” arsa é sin, “a dhearúdas, agus dá mbeadh san againn, bheadh sé ar an tig ba bhreátha in Éirinn¹, agus níl aon duine chun é sin a dh'fháilt ach mé fhéin, is mo mhac, nó tusa agus do mhac.”

“Ó, cuirfeadsa mo mhac ag triall air,” arsa an duine uasal. Thiomáin sé a mhac ag triall air.

Nuair a bhí sé ag imeacht, d'fhiarthaigh sé dho cad é an ainm a bhí air.

“Tá cor in agha an choim,” arsa é sin, “agus com² in aghaidh an choir.”

D'imigh mac an duine uasail, agus do tháinig sé go tig an Ghobán Saoir, agus d'fhiarthaigh sé dhon mbean an raibh a leithéid sin sa tig.

“Ó, tá,” arsa í sin, “tá sé thíos insa chomhra sin ar thaobh an tí,” arsa í sin, “féadfair dul síos ag triall air.”

Nuair a fuair sí thíos ag cuardach é, rug sí ar dhá chois air, agus do bhuail síos é, agus do bhuail an glas air. Thiomáin sí scéala go dtí an duine uasal a fear, agus athair a chéile a bheith anso chúichi, nó go leighisfeadh sí a mhac istigh sa chomhra. Is maith an deabhadh a bhí air ag tabhairt a bpáidh dóibh, agus á gcuir abhaile chun a mhac a dh'fháil fuascaltha.

Sin é mo scéalsa, agus má tá bréag ann, bíodh.

¹ Sasana a bhíonn i gceist in insintí eile, c.f. mar shampla an leagan a chuir Seán Ua Cearnaigh i gcló (2007).

² l.s. 'cuim'

3.12.44

CBÉ, 966: 425-429

Bhí rí fadó ann, agus do bhí iníon aige, agus bhí an iníon lé fáilt ag éinne go dtabharfadh an rí an t-éitheach do. Is mó duine a bhí ag teacht go dtí an rí, agus má tá, ní thugadh an rí an t-éitheach dóibh, ach an ceann a bhaint dóibh. Bhí baintreach san áit, agus bhí aici.

“On diabhal,” arsa é sin léna mháthair, “go dtabharfaidh mé fé iníon an rí.”

“Dhera, fan age baile,” arsa í sin, “is bíodh ciall agat, mar an ceann a bheidh díot.”

“Tabharfaidh mé fé,” arsa é sin.

Bhí an mháthair ag gabháilt do, is níorbh aon chabhair di é. Thug sé [fé] agus nuair a bhí sé ag gabháilt isteach chun tig an rí, do chonaic sé lasmuigh in airde, ar f[h]alla an ghairdín, spící iarrainn, agus ceann duine ar gach aon cheann acu, ach ar aon cheann amháin.

“Is baolach gurb ann a bheidh mo cheann,” arsa é sin.

Chuaigh sé isteach. D’fhiarthaigh an rí dho cad a bhí air.

“A leithéid seo,” arsa é sin, “t’iníon a thug mé.”

“Fáilte romhat,” arsa an rí.

Fuair sé bia. G[h]aibheadar amach. Bhí cruach mhóna lasmuigh.

“An bhfeacaís a leithéid sin do chruach mhóna riamh?” arsa é sin.

“Níl inti acu cnuchaire,” arsa mac na baintrí, “sochas cruach mhóna a bhí agem máthair² go gcaithfá dul leathmhíle amach bhuaithi chun a barra³ a dh’fhiscint.

¹ I.s. ‘An té a bhréagnódh an rí’. Shocraíos cloí leis an teideal a bhí baiste ar an seanscéal cáiliúil seo ag Pádraig Dinneen san eagrán a chuir sé siúd amach in *Rí na mBréag* .i. *an treas roinn de sgéaluidheacht Chúige Mumhan* (1908), agus foilsíodh leagan eile arís as Fraincis Ceanadach in *Raconte-moi que tu as vu l’Irlande le Mike Burns* (2003: 22-31), agus an teideal céanna ar an leagan sin chomh maith, ach é a bheith scríofa ar chuma Ghaeilge na hAlban, .i., “Rí nam Bréag”, aige sin. Tá an scéal áirithe leis in AT 852 mar a dtugtar cuntas cuimsitheach ar na móitífeanna éagsúla béaloidis a bhaineann leis an scéal seo atá le fáil ar fud an domhain de réir an chuntais sin – leagan amháin san Ind, mar shampla, trí cinn in Albain, seachtó trí leagan sa Danmhairg, agus dhá chéad fiche is a hocht leagan in Éirinn. Tá leagan Ciarraíoch an Chriomhthanaigh áirithe faoi TIF 852 The Hero Forces the Princess to Say “That is a Lie”, agus tá taifeadadh fuaime den Chriomhthanaigh i mbun leagan eile den scéal seo a eachtraí le clos ar rian uimhir a naoi den dlúthdhiosca.

2 I.s. ‘bmáthair’ tríd síos

3 I.s. ‘bharra’, ach mheabhraigh nóta ó SÓD gur ‘bharra’ ba cheart a bheith ann.

“Cruach mhaith ab ea í,” arsa an rí.

Thug sé leis é go dtí iothla ghabáiste a bhí aige.

“An bhfeacaís a leithéid sin do iothla ghabáiste riamh?” arsa é sin.

“É, mo thrua tú, níl ann ach seamróga seachas iothla ghobáiste a bhí aigem máthair. Níl aon tsamhradh ná go ngaibheadh céad pearsa daoine uaisle an bóthar, agus do bhíodh dinnéar acu i ngort a bhí in aice tí mo mháthar. Aon bhileog amháin don ngabáiste go ligidís an dinnéar amach ann¹.”

“Bileog mhaith ab ea í,” arsa an rí.

Thug sé leis é go dtí crann úll a bhí aige.

“An bhfeacaís a leithéid sin do chrann úll,” arsa é sin, “riamh?”

“É, mo thrua thú, do chonac crann nár dhealraitheach leis. Ghaibheas-sa amach lá tréis mo dhinnéir,” arsa é sin, “is bhí teaspach orm. Chuas in airde sa chrann, is bhíos ag imeacht ó shlapar go slapar. Is é an áit a chuas sa deireadh isteach ’on spéir uachtrach². Bhí seandúine agus seana-bhean ansan istig, agus iad ag sníomh, agus ag cardáil bunaigh lé seacht mbliana roimis sin. Thugas cúpla lá ina dteannta.”

Ach chuadar go dtí gort prátaí ansan.

“An bhfeacaís a leithéid sin do ghort prátaí riamh?” arsa é sin.

“Níl iontu ach criocháin sochas prátaí a bhí aigem máthair. Do bhuail prátaí lé duine acu, is ní fhéadfadh sé é a bhogadh. Tháinig an naonúr timpeall air. Ní fhéadfaidís aon bhogadh a bhaint as. Fágadh ansan é. Nochtadh timpeall air, agus deineadh seomra isteach ann. Cuireadh cráin, agus dhá cheann déag do bhanbhaí isteach ann, agus chothaigh an práta iad go rabhadar ina muca ramhra.”

“Práta maith ab ea é,” arsa an rí.

“On diabhal,” arsa mac na baintrí ina aigne féin, “is baolach go mbeidh an ceann díom.”

Thug sé leis é go dtí gort coirce a bhí aige.

¹ MI F54.2.

² MI X1547.2.

“An bhfeacaís a leithéid sin do ghort coirce riamh?” arsa é sin.

“Á, mo thrua thú, do chonac gort nár dhealraitheach leis. Nuair a bhíos-sa istigh insa spéir uachtarach, nuair a thaibhríos ar theacht abhaile, bhí an crann gearrtha agem máthair. Dia linn arsa mé fhéin, cad a dhéanfaidh mé. Cad atá ort, arsa an seandúine. Tá an crann gearrtha. Is liom fanacht anso go deo. Tóg bog é, arsa an seandúine, agus an méid bunaigh atá sníte againn le seacht mbliana, déanfaimid téad do, agus b’fhéi’ go mbéarfadh sé ar an dtalamh tú. Chuadar ag obair ar an snáithín a bhí sníte acu, agus do cheanglaíodar ar mo chabhail é, agus scaoileadar anuas mé. Bhíos tamall maith ón dtalamh, agus bhí an téadán idithe. Tairrigeoimid aníos aríst tú, arsa an seandúine, agus sníthfimid a thuilleadh. Ná deinídh, arsa mé fhéin. Bheadh sé rófhada. Phriocas an dá shúil amach as mo cheann, agus chuireas im thóin iad. Chaitheas an ceann díom fhéin. Ní raibh ach an ceann ar an dtalamh nuair a ghaibh mada rua an tslí, agus do sciob sé mo cheann leis. Do ghearras an téad, agus do thána anuas, agus do bascadh go maith mé. D’imíos i ndeabhaidh an mhada ruaidh, agus is é an áit gur thug sé aghaidh isteach i ngort coirce a bhí agem máthair go raibh naonúr fear á ghearradh, agus gan aon lámh acu á dhéanamh air. Rugas ar an gcorrán ó dhuine acu, agus i gcionn deich neomataí¹, bhí an gort gearrtha agam. Tháinig an mada rua amach, agus do chaitheas an corrán ina dhiaidh. Scaoil sé bhuaidh mo cheann. Do shocraíos an ceann in airde ar mo cholainn aríst², is do chuireas an dá shúil isteach ann. Do chuas go dtí an gclaí. Bhí an madra rua imithe thar claí, agus bhí sé ag cacadh, ar an dtaobh eile ’o chlaí, agus chonac páipéar insa chac. D’imíos thar claí, is do rugas³ ar an bpáipéar, agus do léigheas é, agus is é an rud a léigheas insa pháipéar go rabhais-se mar aoire bó agem athair.”

“Á, tá an t-éitheach agat⁴,” arsa an rí.

“Ó, tá buaite ort, a rí onóraigh,” arsa é sin.

Chaith sé iníon an rí a dh’fháil lé pósadh.

¹ l.s. 'nóimiotáí'

² MI X1726.2

³ l.s. 'rugas rugas'

⁴ MI H342.1

477. *Tabhair chugham do chara, agus t'eascara*

3.12.44

CBÉ, 966: 435-437¹

Do bhí rí fadó ann, agus do cuireadh sé ceist 'dtí daoine, agus an té ná beadh an cheist aige, do bhainfeadh sé an ceann do. Chuir sé fios ar mhac feirmeora a bhí san áit. Do chuaigh sé chuige.

“Tair chugham amáireach aríst,” arsa é sin, “agus tabhair chugham do chara agus t'eascara, an rud is mó go bhfuil cion aige ort ar an dtalamh, agus an rud is lú go bhfuil cion agat air².”

Tháinig sé abhaile.

“Conas 'tá agat?” arsa an t'athair.

“Tá go hainnis,” arsa é sin.

“Cad a dúirt sé leat?” arsa an t-athair.

“Dúirt sé liom teacht amáireach aríst, mo chara a thabhairt liom, agus m'eascara, an rud is mó go bhfuil cion aige orm ar an dtalamh, agus is lú go bhfuil cion agam air.”

“Tá an scéal go hana-mhaith,” arsa³ an t-athair. “Buail chughat do chapall anois amáireach,” arsa é sin, “agus cuir do bhean ar do chúlaibh, agus beir leat do mhadra. Nuair a raghaidh tú chuige, glaoigh amach air. Tiocfaidh sé 'on doras, nó 'on bhfuinneog. Abair leis gurb é seo do chara leis an gcapall, agus gurb í seo an t-eascara léd bhean, gurb é sin an rud is mó go bhfuil cion aige ort⁴ ar an dtalamh, an madra, agus is lú go bhfuil aon chion agat⁵ air.”

Sin é mar a bhí. D'imigh sé lá arna mháireach. Do bhuail sé a bhean ar a chúlaibh, agus do chuaigh sé go tig an rí. Ghlaoigh sé amach ar an rí. Tháinig an rí 'on doras.

“Sid é mo chara,” arsa é sin leis an gcapall, “sin í m'eascara,” leis an mbean, “sid é an rud is lú go bhfuil cion aige orm,” arsa é sin, “agus is mó go bhfuil cion aige orm,” leis an madra.

¹ Tá leagan seo an Chriomhthanaigh áirithe in TIF 922 The Shepherd Substituting for the Priest Answers the King's Questions.

² Tá plé in ATU 922 faoi na ceisteanna agus tomhaiseanna éagsúla a bhaineann leis na leaganacha den scéal seo atá le fáil ar fud an domhain, ach ní luaitear an tomhaisín achrannach áirithe seo a bhí le fáil i leagan an Chriomhthanaigh. Luaitear móitíf amháin in AT 922, áfach, a bhaineann le hábhar, agus is é sin MI H541.1. Riddle propounded on pain of death.

³ l.s. 'airsean'

⁴ l.s. 'orm', SÓD a cheartaigh.

⁵ l.s. 'agam', SÓD a cheartaigh.

“Bain an ceann go tapaidh do,” arsa a b[h]ean, “a athair a réitigh an cheist do.”

“Ana-mhaith,” arsa é sin, “tá na mná go maith,” arsa é sin, “téir abhaile. Mheasas go raibh t'athair cailte,” arsa é sin, “ní mharódsa a thuilleadh feasta aríst.”

478. *Tabhair do rún dod dhriofúr, agus do stór dod mhnaoi*¹

3.12.44

CBÉ, 966: 442-447

Bhí cheithre rí ar Éire fadó. Deiridís go raibh chúig rí ann, ach bhí cheithre rí uirthi siúráltha, agus chaitheadh rí a mhac a chuir go dtí rí eile chun ríúlacht a dh'fhoghlaim. Chuir rí chúige Mumhan a mhac go dtí rí Laighean ag foghlaim ríúlacht, agus nuair a tháinig sé abhaile, bhíodar ag maireachtaint leo, do bhuail rí chúige Mumhan breoite.

“Ní fada a bheadsa caillthe anois,” arsa rí chúige Mumhan, “nuair a chuirfidh rí Laighean scéala chughat go bhfuil sé chun a mhac a chuir chughat chun ríúlacht a dh'fhoghlaim do, agus ná tóg é mar tánn tú ró-óg. Tabhair do rún dod dhriofúr, agus do stór dod mhnaoi². Tabhair lámh leis an nduine bocht, ach ná cuir ró-ard é. Táimse ag tabhairt an méid sin comhairlí dhuit anois.”

Cailleadh an t-athair, agus do chuir rí Laighean scéala chuige sara fada go raibh sé chun a mhac a chuir chuige, ach fuair sé freagra bhuaidh go raibh sé sásta leis. Do tháinig mac rí Laighean chuige. Bhíodar ag caitheamh a saoil ansan i dteannta a chéile. Bhí duine bocht a bhíodh ag obair i gcónaí acu, bhí mac aige, agus do chuir sé ar scoil é³, agus do chaill sé leis, agus do dhein sé cunsailéir do. D'imigh sé lá ag válcaireacht, é féin agus mac rí Laighean. Is é an áit a rug sé isteach i mbaile mór é. Chuaigh sé go dtí an *hotel* ba mhó a bhí sa bhaile mhór.

“An mbeadh seomra agat do so?” arsa é sin, lé fear an *hotel*.

“Tá,” arsa fear an *hotel*.

“Tóg isteach é, agus tabhair an bia is fearr a dh'fhéadfair do. Tabhair aire mhaith dho go dtiocfadsa ag triall air aríst.”

Tháinig sé abhaile. Nuair a tháinig sé isteach, bhuail sé a cheann fé. Ní raibh aon fhocal aige. Do

¹ Macalla á bhaint anseo as AT 920 C The Choice of a Wife. Solomon advises with enigmatic statements, cé nach luaitear sa bhfoinse seo ach leaganacha Gréigeacha a bheith ann. Tá an méid seo a leanas le fáil in TIF san iontráil faoi chineál 920: “The Son of the King and of the Smith. The Irish king, Cormac Mac Airt is featured in Irish versions”.

² Mar gheall ar an gcineál críche a bhain do Shamson, is dócha, a comhairlíodh anseo nár cheart d'fhearr a rún a thabhairt dá bhean chéile. c.f. §195 | CBÉ, 968: 389-390.

³ l.s. 'sé'

chuir a bhean bia ar an mbord chuige. Ní raibh sé i mbun dul á dh'ithe.

“Dhera, cad atá ort?” arsa í sin.

Níor thug sé aon tor uirthi.

“Cad atá ort?” arsa í sin.

“Tá mo dhóthain,” arsa é sin.

“Dhera, nis dom cad tá ort?”

“Dhera, is deacair liom é a dh'insint,” arsa é sin, “mar tá drochscéala agam.”

“Dhera, nis domhsa an scéal,” arsa í sin.

“Nuair a chuas fhéin, agus é siúd isteach i gcoill,” arsa é sin, “mac rí Laighean, bhíomar ag druileáil istigh ann. Bhíos féin rómhaith dho. D'imigh sé i ndiaidh a chúil bhuam. Bhual poll leis. D'imigh sé síos sa pholl. Ní fios cad é an airde a bhí sa pholl. Bhíos ag glaoch air, is níor thug sé aon tor orm. Maraíodh thíos ann é is dócha.”

“Croith suas tú fhéin,” arsa í sin, “agus ith do chuid bídh. Ná cuireadh san aon mhairg ort.”

Chroith sé suas é féin, agus d'ith sé a chuid bídh, agus fé chionn seachtaine, d'imigh sé, agus bhailimh sé taoscán airgid a bhí aige. Rug sé go dtína driofiúr é, agus dúirt sé léi aire a thabhairt do san, gur baolach go mbeadh sé fhéin marbh. Tháinig sé isteach.

“An bhfuil mo dhinnéar ullamh agat?” arsa é sin léna bhean.

“Níl,” arsa í sin.

Thairrig sé truíp thall, agus truíp abhus. Bhí dhá phíleas lasmuigh ar an sráid. Thóg sé an chos chun a bhean a bhualadh.

“Á,” arsa í sin, “níorbh fhusa dhuit mac rí Laighean a mharú ná mise.”

Seo isteach iad.

“Cad é seo?” arsa í sin.

D'eachtraigh sí dhóibh. Tógadh é. Buaileadh isteach 'on phríosún é. Tháinig lá na cúirte go raibh sé lé triail. D'eachtraigh sé dhóibh conas mar a bhí, gur chuadar 'on choill, agus go rabhadar ag

druileáil, agus gur imigh sé¹ i ndeabhaidh a chúil bhuidh. Bhí poll ann go gcuaigh sé síos ann, agus gur dócha gur maraíodh é mar go raibh sé ag glaoch air, agus nár thug sé aon tor air ach go raibh sé sásta lé pé méid airgid a dh'oirfeadh² airgead a thabhairt do ón gur chinniúint é. Thug an *jury* saor é. Bhí sé sin ag imeacht ansan, an cunsailéir gur dhein sé fhéin cunsailéir do ag obair ina choinne tréis gach a gcaill sé leis.

“Tá déanta go maith agat,” arsa é sin.

Ní bhfuair sé aon tor. Is ea, fuaireadar capall, agus gíománach chun dul ag tabhairt airgid do rí Laighean. Is é an áit gur stiúraigh sé an gíománach ar an *hotel* go raibh mac rí Laighean. Nuair a chuaigh sé go dtí an *hotel*, d'fhiarthaigh sé dhó an raibh sé seo go maith aige.

“Tá,” arsa é sin.

“Ar mhaith leat,” arsa é sin lé rí Laighean, “do mhac a dh'fheiscint?”

“Cad ’tánn tú ag rá?” arsa rí Laighean.

“Tá do mhac anso,” arsa é sin, “go beoghlórmhar.”

“Nár mhór an náire dhuit a leithéid sin do léim a bhaint asam,” arsa rí Laighean.

“A leithéid seo,” arsa é sin, “do chomhairlí a fuaireas ó m'athair, agus theastaigh bhuam iad a bhréagnú. Táid siad ar fad triailthe agam anois,” ar seisean, “ach mo dhríofúr.”

D'imíodar i dteannta a chéile, agus do chuadar go dtí tig a dhriféar.

“Dhera céad fáilthe romhat,” arsa an dríofúr, “tánn tú tagaithe saor.”

“Táim,” arsa é sin, “an bhfuil an t-airgead agat?”

“Cad é an [t-]airgead?” arsa í sin.

“An t-airgead a chuireas chughat chun é a chimeád dom.”

“Níor thugais aon airgead domhsa,” arsa í sin.

“Cuir amach tapaidh é,” arsa rí Laighean, “nó beidh tú gafa.”

Is ag rith a bhí sí ag fáilt a chuid airgid do, agus á thabhairt do. Thánadar abhaile, agus do mhaireadar go lántsásta as san amach.

¹ l.s. “agus d'imi' sé.” SÓD a cheartaigh.

² l.s. “dh'iarrfadh”

479. *Banríon na bPlainéad*¹

1.1.45

CBÉ, 967: 89-94

Bhí lánú fadó ann, agus bhí daoine ana-bhaoch don bhfear, ach ní raibh aon duine baoch don mbean. Ba í an bhean í ba neamaithí a shuigh istigh i mbaile riamh. Ach do fuair sí bás an lá ba bhreátha a tháinig ó shin. Bhí iontas ar gach éinne canathaobh go bhfuair sí lá comh breá leis, aon bhean comh holc léi. Tamall in dhiaidh sin, do cailleadh a fear, agus ba mhór an scanradh an lá lé báisteach agus lé gaoth. Ach tréis é a chur, dúirt a mhac go n-imeodh sé, is ná codlódh sé an tarna hoíche in aon tig go bhfaigheadh sé cuntas cad é an bun a bhí leis sin, nó mara bhfaigheadh, ná fillfeadh sé choíche. D'imigh sé leis, agus nuair a bhí an oíche ag teacht, do casadh isteach i dtig gabha é. Do fuair sé a bheith istigh ann, agus i gcaitheamh na hoíche, d'fhiarthaigh an gabha dho cá raibh a thriall. Nis sé dho. Dúirt sé gurbh é an turas díthchéille é is dócha.

“Mhuise, má dh'fhaigheann tú cuntas,” arsa an gabha, “tabhair cuntas chugamsa canathaobh ná féadfainn éinní a spáráilt, agus táim ag obair ó dhubh dubh,” arsa é sin.

“Mo dhothain cúirim orm fhéin,” arsa é sin, “ach déanfaidh mé mo dhícheall duit.”

D'imigh sé air ar maidin lá arna mháireach, agus is é an áit a casadh isteach i dtig feirmeora é, agus i gcaitheamh na hoíche, d'fhiarthaigh an feirmeoir do cá raibh a thriall. Nis sé dho.

“Mhuise, má dh'fhéadann tú cuntas a dh'fháil,” arsa é sin, “tabhair cuntas chugamsa canathaobh ná féadfainn as cionn mo d[h]oiris a thiormú.”

¹ Bhí leagan eile den scéal seo i gcló i dteannta sraith scéalta eile a bhí tras-scríofa ag Seán Ó Dubhda ón gCríomhthánach in *Béaloides*, Iml. 18, Uimh. 1/2 (Meitheamh-Nollaig, 1948), lgh. 71-113 faoin teideal ‘Bainríon na bPlainéad [sic]’. Is cosúil gurb é an leagan céanna atá áirithe faoi TIF 461, ach neamhréir a bheith sa tagairt a thugtar mar 2, 13 122 nuair is in CBÉ, 2: 122-139 atá fáil ar an lámhscríbhinn seo ón Dubhdach. Tá an leagan céanna arís den scéal aistrithe go Gearmáinis ag Gearmánach darb ainm Frederick Hettman (1934-2006), scríbhneoir scolártha a raibh suim ar leith aige i mbéaloides na hÉireann. Faightear a chóiriú siúd de ‘Banríon na bPlainéad’, ach é a bheith faoin teideal ‘Die Königin der Planeten’ idir leathanaigh 83 go 87 dá chnuasach scéalta *Irish Märchen: Zum Erzählen und Vorlesen* (2015), gur ‘Seanscéalta Iontais ó Éirinn: le rá agus le clos’ an t-aistriúchán Gaeilge a d’fhéadfaí a thabhairt air mar theideal. Sholáthair Seán Ó Súilleabháin aistriúchán Béarla de leagan Sheáin Uí Dhubhda in *Folktales of Ireland* (1999: 277), agus luaigh sé *en passant* go raibh plé ar ‘Banríon na bPlainéad’ le fáil i dtéacs eile a scríobhadh as Gearmáinis le Aarne, Antti – foilseachán uaidh dar theideal *Der reiche Mann und sein Schwiegersohn* (1916), don té a bhfuil léamh na Gearmáinis aige. Scéal iomráiteach is ea ‘Banríon na bPlainéad’ mar sin, agus go deimhin, is é an scéal céanna a ghnóthaigh duais Oireachtais do Thomás Ó Lubhaing, scéalaí Duibhneach comhaimseartha a thug insint ar an scéal seo a leag sé go hearráideach ar Chríomhthánaigh an “Bhaile Bhric.”

“Má dh'fhéadaim é, tabharfad,” arsa é sin, “ní móide go gcífa níosa mó ná é.”

D'imigh sé air, agus is é an áit a casadh isteach é i dtig baintrí istoíche lá arna mháireach. Bhí triúr iníon aici. Fuair sé a bheith istigh, ach i gcaitheamh na hoíche, d'fhiarthaigh an bhaintreach do cá raibh a thriall. Nis sé dhi.

“Mhuise, má dh'fhéadann tú,” arsa í sin, “tabhair cuntas chugamsa – an iníon chríonna ’tá agam, ní thagann aon duine ar a tuairisc, agus tá scata ag teacht ar thuairisc an bheirt óg.”

“Má dh'fhéadfainn é,” arsa é sin, “déanfad.”

D'imigh sé air ar maidin, agus bhí ag siúl leis, agus nuair a bhí an oíche ag teacht, ní raibh aon tig ag bualadh leis. Chonaic sé solas i bhfad bhuaidh. Do dhein sé féna dhéin. Do chuaigh sé isteach ’on tig. Ní raibh éinne istigh roimis. Bhí tine bhreá ann. Níorbh fhada go dtáinig bean isteach. Chuir sí fáilthe roimis. Do scaoil sé amach bord breá bídh chuige. Ach nuair a bhí an bia ite aige, dúirt sí leis dul síos a chodladh. Bhí leaba bhreá thíos i seomra. Ach chuaigh sé a chodladh, agus do shín sé sa leabaidh. Bhí solas ar fuaid an tí. Níorbh fhada gur bhuail sí corcán uisce ar an dtine, agus nuair a bhí an corcán ag fliuchaigh, chuaigh sí ar mhullach a chinn síos ann, agus do bhí sí ag luíodú léi go dtí ná raibh lé feiscint, ach a dhá cois. Bhí sé scanraithe.

Níorbh fhada go n-éirigh sí aníos as an gcorcán arís, agus do thóg sí an corcán, agus do chuaigh sí isteach ’on tine, agus do bhí sí ann go dtí ná feaca sé aon phioc di ach a dhá chois. D’éirigh sí amach as an dtine comh beo is bhí sí riamh. Bhí tobán uisce i lár an urláir, agus do chuaigh sí síos ’on tobán uisce ar mhullach a cinn, agus bhí sí ag útamáil síos ann nú go dtí gur tuigeadh do go raibh sí báite. Ní raibh. D’éirigh sí aríst. Bhí téadán ar sileadh anuas. Bhuail sí stól, agus bhí sí ag crochadh féin, agus níorbh fhada go raibh a teanga amuigh aici. Nuair a bhí coraintín tugtha ansan aici, d’éirigh sí anuas aríst. Bhuail sí culaith shíoda uirthi féin, agus bhí sí ag máirseáil an tí, agus leabhar ina láimh aici ag léamh, agus do thug sí stáir mhaith ag gabháilt do. Chaith sí bhuaithi é sin ansan, agus thug sí léithi mála airgid. Bhuail sí ar an mbord é, agus thug sí tamall maith á chomhaireamh san. Bhuail sí thairsthi é. Chuaigh sí ’on tseomra.

“An bhfuileann tú id chodladh?” arsa í sin.

Níor thug sé aon tor uirthi. Lig sé air a bheith ina codladh.

“Níleann tú id chodladh in aon chor,” arsa í sin, “chonaicís gach a ndeineas anocht,” arsa í sin.

“Chonac,” arsa é sin.

“Faid is bhíos insa tine,” arsa í sin, “níl aon leanbh a saolaíodh ná gurb é sin an bás atá ceapaithe dho. Faid is bhíos insa chroich,” arsa í sin, “níl aon leanbh a saolaíodh ná gurb é sin an bás athá ceapaithe dho, agus faid is bhíos insa dramhlach uisce, sin é an bás athá i ndán dos nach aon leanbh a saolaíodh fhaid is bhíos insa drabhlach uisce. Faid is bhíos ag siúl an tí, ag léamh an leabhair, culaithe síoda orm, sin é an tslí bheatha athá ceapaithe d’aon leanbh a saolaíodh ar an fhaid sin, agus faid is bhíos ag comhaireamh an airgid, sin é an tslí bheatha ceapaithe do aon leanbh a saolaíodh an fhaid sin. An cúram a thug an bóthar tusa anois,” arsa í sin, “b’fhéidir go bhfuil do dhóthain cúirim ort. Fuair do mháthair bás lá breá. Bhí iontas ar gach éinne a leithéid do lá a dh’fháil. Sin a bhfuair sí do phléisiúr ná geobhaidh, agus an lá a cailleadh t’athair go raibh an bháisteach agus an ghaoth mhór go léir ann. Sin a bhfuair t’athair do phíonós mar bhí beannacht gach éinne aige, agus tig an ghabha go gcodlaís ann, an chéad oíche ann dúirt sé leat cuntas a thabhairt chuige canathaobh ná féadann sé éinní a spáráilt, agus é ag obair comh dian. Beir cuntas chuige má théann tú chun cinn, n’fheadarsa an raghair, abair leis go bhfuil buille luath an Luain, agus buille déanach an tSathairn aige, agus an feirmeoir gur ghaibhis chuige, canathaobh ná féadfann sé as c[h]ionn an doiris a thiormú, abair leis ná fuil aon dul aige ar é a thiormú go deo mar go bhfuil an iomad do dheoracha na mbaintreacha ag sileadh air, agus mara ndéanfadh sé iad san a leigheas, ná fuil aon dul aige ar é a thiormú choíche, agus an bhaintreach gur ghaibhis chúichi, go raibh triúr iníon aici, ná fuil aon tor ag éinne ar an iníon chríonna. Beireadh sí a máthair trí Domhnaí ar a drom go dtí an aifreann, agus beidh beannacht gach éinne aici, agus beidh stolladh agus stracadh aici. Seo léithróid anois duit. Beidh do mháthair id choinnibh ar maidin, agus a béal ar leathadh chun tú a shlogadh chun ná raghfá lé haon

athscéala. Beidh maistín ina diaidh nó dhá mhaistín. Mara gcuirfear é sin siar ina béal, beidh tú ite aici, ach féadfair do dhícheall a dhéanamh.”

Sin é mar a bhí. Maidean lá arna mháireach, d'imigh sé. Bhí an léithróid aige, agus níor fhada ón dtig a bhí sé nuair a bhí a mháthair ina choinnibh, agus a béal ar leathadh aici, agus dhá mhaistín ina diaidh aniar. Do thug sé chúichi, agus do chuir sé an léithróid siar ina béal, is thit sí ina carn glóthaí. Tháinig sé abhaile, is thug sé a scéala fhéin dos na héine dhon dtriúir gur shiúlaigh sé orthu.

480. *Droichead Ráth Caola*¹ XIV

26.11.44

CBÉ, 966: 289-292

Bhí feirmeoir thiar sa Bhaile Riabhach² fadó, agus bhí sé go maith as tamall dá shaol. Do chuaigh sé chun dealúis [sa] tslí is ná raibh éinní aige, agus taibhríodh do trí oíche i ndiaidh a chéile, á mbeadh sé ar dhroichead Ráth Caola go bhfaigheadh sé a sheans ann. Tréis an tríú oíche do bhailimh sé leis, agus do bhain sé amach Ráth Caola. Bhí an oíche ann nuair a shroich sé Ráth Caola, agus do thóg sé lóistín an oíche sin. Ar maidin lá arna mháireach go moch, do bhí sé ar dhroichead Ráth Caola ina sheasamh, agus thug sé an lá ann. I meán an lae siar, do ghaibh mairtíneach chuige, agus do thug sé síntiús do. Ghaibh sé baochas leis, agus ní bhuail aon tseans an lá san é. Chaith sé a lóistín a thógaint an oíche sin aríst, agus ar maidin lá arna mháireach, do bhí sé go moch ar an ndroichead aríst, agus i meán an lae siar, do ghaibh an mairtíneach chuige. Do thug sé síntiús do, agus thug sé an lá ar an ndroichead. Ní bhuail éinní leis. Ar maidin lá arna mháireach, do bhí sé aríst ann go moch, agus thug sé an lá ann, agus siar ana-dhéanach sa lá is ea a ghaibh an mairtíneach chuige.

“Ní fhéadfainn éinní a thabhairt inniubh duit,” arsa é sin.

“Go raibh maith agat a dhuine uasail,” arsa an mairtíneach, “tá rud maith déanta agat.”

“Ní fhéadfaidh mé díol as mo lóistín anocht,” arsa é sin, “is dócha gur amuigh a chodlóidh mé.”

“An raghfá in aonacht liomsa?” arsa an mairtíneach.

“Raghad in aon áit,” arsa é sin, “d’fhonn is gan a bheith amuigh.”

Thóg an mairtíneach leis é, agus nuair a chuaigh sé go dtí tig an mhairtínigh, ní raibh tig an mhairtínigh i bhfad bhuathu. Tigín deas brothalach. Ní raibh sa tig ach é féin, agus a bhean. Do fuair sé a dhóthain lé n-ithe, agus le n-ól ann, agus bhíodar ag caint leo ansan.

¹ Tá taifeadadh fuaime den Chriomhthanach i mbun leagan eile den scéal seo a aithris atá le clos ar rian uimhir a cúig déag ar an dlúthdhiosca. Scéal is ea é a bhí le fáil timpeall ar Ráth Caola féin, faoi mar is léir ó lámhscríbhinn de chuid Bhailiúchán na Scol, .i., CBÉ, 500: 332, mar a dtugtar ‘Hidden Treasure’ ar leagan John Doherty Bhaile Uí Áilíonáin i gContae Luimnigh, agus is teideal é a thagann go slachtmhar le MI N530 Discovery of treasure agus N550 Unearthing hidden treasure.

² “Baile i bParóiste Chill Dromann” – SÓD.

“Mhuise,” arsa an mairtíneach, “mara miste dhom a dh'fhiarthaí dhíot, cad as tú?”

“Ní miste,” ar seisean, “ón nDaingean.”

“Agus cad a thug sa treo so thú?” arsa é sin, “go bhfuileann tú lé trí lá ar an ndroichead?”

“Thug an díthchéille,” arsa é sin, “do chuas chun dealúis,” arsa é sin, “agus do taibhríodh dom trí oíche i ndiaidh a chéile, dá mbeinn ar dhroichead Ráth Caola, go bhfaighinn mo sheans ann, agus níor bhuail éinní liom.”

“Ná tabhair aon ghéilleadh dhod thaibhrithe,” arsa an mairtíneach.

“Taibhríodh domhsa trí oíche i ndiaidh a chéile, dá mbeinn insan áit go nglaoid siad Baile Riabhach air, agus go raibh seomra¹ ann, agus go raibh fuinneog ar an dtaobh theas do go raibh crann droighin as a choinnibh amach, agus á dtaighdfinn trí troithe síos ag an gcrann san, go bhfaighinn mo shaibhreas ann.”

Líon mo dhuine chríonna suas d'áthas nuair a chualaigh sé an chaint, agus ní haon néal a thit go maidin air. Nuair a tháinig sé abhaile, do chuaigh sé isteach 'on tseomra², agus bhí a chrann as choinne na fuinneoige amach. Fuair sé ramhann, agus chuaigh sé ag obair, agus timpeall lé trí troithe síos a chuaigh sé, nuair a bhuail leac leis. D'iompaigh sé an leac, agus is amhla a bhí corcán óir thíos fén leac. Is dócha dá dtaibhreofaí dho aige baile é ná raghadh sé ag gabháilt do in aon chor. Chaith sé dul go Ráth Caola chun é a dh'fháil amach. Is dócha gur chuimhnigh sé ar an mairtíneach, gur chuir sé chuige roinnt do.

1 l.s. 'seómar', toisc, is dócha, an focal dar lean a bheith ag tosú ar ghuta.

2 l.s. 'tseabhamra'

481. *Na trí chomhairle*

7.1.45

CBÉ, 967: 197-200¹

Bhí fear bocht fadó ann, agus do bhí muirear mór air. Ní raibh an saol ana-mhaith in aon chor, ach d'imigh sé, agus do chuaigh sé tamall maith ó bhaile, agus do chuaigh sé in aimsir go dtí feirmeoir. Do thug sé trí bliana ag an bhfeirmeoir. Bhí an feirmeoir ana-bhaoch do. Nuair a bhí na trí bliana suas:

“Is ea,” arsa é sin, “tá sé in am agamsa a bheith ag dul abhaile, féachaint conas atá agem muintir athá age baile im dhaidh. Tá trí bliana tugtha amuigh agam.”

“Tá go díreach,” arsa an feirmeoir, “ciacu is fearr leat, do phá a dh'fháilt anois,” arsa é sin, “nó trí chomhairle mhaithe?”

Stad an duine bocht.

“B'fhéidir,” arsa e sin, “gur fearra dhom na trí chomhairle mhaithe.”

“Bhuel, tabharfadsa trí chomhairle mhaithe dhuit anois,” arsa é sin, “ná codail in aon tig,” arsa é sin, “go mbeidh bean óg pósta age seanduíne, agus ná gaibh aon chongar istoíche, agus ná dein éinní inniubh gur dóigh leat go mbeifá a haithreachas [sic] amáireach. Féach romhat fhéin. Sin iad na trí chomhairle anois, agus cinnibh id cheann iad.”

Dhein sé trí bhollóg aráin suas do.

“Béarfaidh dhá cheann acu san abhaile anois tú,” arsa é sin, “agus ná hoscail í seo nú go raghaidh tú ar do bhord fhéin age baile. Cinnibh aithne mhaith uirthi.”

D'fhág sé slán aige, agus d'imigh sé air, agus ag déanamh ar an oíche, do bhuail buachaill ar an

¹ Tá an insint seo ón gCrimhthanach áirithe in TIF faoi chineál 910 B The Servant's Good Counsels, agus dealraíonn seé ó líon ard na leaganacha eile atá áirithe faoin gcineál céanna, a bhí le fáil i mórán gach uile chearn den tír, gur scéal an-chómónta a bhí ann. Bailíodh leaganacha den scéal ar fud an domhain, leis, ón tSicil go dtí an tSile dar le AT a thugann an achoimre agus an plé ar chineál 910 B: “Do not leave the highway, etc. The traveler leaves it and falls into the hands of robbers. When you are angry, repeat the Lord's Prayer. He is about to kill the man sleeping with his wife: it is his son. Iron is more precious than gold, etc. Cf Type 677. Motifs: J21.7. ‘Do not cross a bridge without dismounting from your horse’. J21.3. ‘Do not go where an old man has a young wife.’ J21.5. ‘Do not leave the highway.’ J21.11. ‘Do not walk half a mile with a man without asking his name.’ J21.2. ‘Do not act when angry.’ J21.17. ‘Stay at church till mass is finished.’ J163.4. Good counsels bought. For other good counsels, see the numerous subdivisions of J21.”

mbóthar leis, agus labhradar féin lé chéile.

“Tá ana-chóngar anso anois,” arsa an buachaill.

“An bhfuil?” arsa an duine bocht.

“Tá,” arsa é sin.

Chuadar isteach sa ghort chun gabháilt an cóngar, agus nuair a bhí sé istigh sa ghort:

“On diabhal,” arsa é sin, “gurb ainnis a chuireas-sa mo thrí bliana, agus an chomhairle a fuaireas gan gabháilt an cóngar istoíche.”

Tháinig sé amach ar an mbóthar aríst, agus nuair a tháinig sé go dtí an áit a tháinig an buachaill amach, do bhí an buachaill roimis, agus an méid pingíní a bhí aige bainte dho. Do dh’eachtraigh sé dho. D’imigh sé air, agus nuair a bhí an oíche ag teacht aríst air, do casadh isteach i dtig eile é, agus do fuair sé a bheith istigh ann. Bhí seandúine insa chúinne, agus bhí bean óg ar fuaid an tí. D’imigh sí sin amach ag triall ar uisce nú rud éigint.

“Ab iníon duit í sin?” arsa é sin.

“Ní hea,” arsa an seandúine, “sin í mo bhean.”

“Is ea,” arsa é sin, “sin bliain eile a thugas. Fuaireas mar chomhairle gan codladh...¹” a dúirt sé [ina] haigne fhéin.

Bhuail sé amach, agus do bhí bothán éigint amuigh as coinnibh an tí, agus do chuaigh sé isteach ann. Dúirt sé leis fhéin go bhfanfadh sé anso go maidean. D’fhan sé sa bhothán, agus i gcaitheamh na hoíche siar, do bhraith sé an marcach ag teacht, agus capall aige, agus do chuaigh sé isteach ’on tig, agus níorbh fhada go gcualaigh sé an murdal istigh ag an mbeirt. Do mhairbh an bhean óg agus fear an chapaill, do mharaíodar an seandúine, agus thairrigíodar leothu amach é, agus do chuireadar i bpoll éigint é. D’imigh mo dhuine bocht ar maidin, agus do bhain sé a thig féin amach. Ní raibh a mhuintir éirithe. Ní bhíodh aon bholtaí ar dhoirse an uair sin. Ramhann a bhí leis an ndoras. Nuair a chuaigh sé isteach, chuaigh sé suas go dtí an tine, agus d’fhéach sé síos ’on tseomra. Ní raibh aon doras ar an seomra. Chonaic sé fear i dteannta mhná ina chodladh. Do rug sé ar an ramhann chun

¹ Cuireann an focalbhá anseo in iúl nár dhein an scéalaí aon athrá ar an gcuid eile den chomhairle.

dul síos, socrú leis. Stad sé.

“Is ea,” arsa é sin, “sin bliain eile a thugas ar an gcomhairle seo. B’fhearra dhom fanacht fada liom fhéin.”

Chuaigh sé suas go dtí an tine, agus do shuigh thuas, agus bhí sé trína chéile. Níorbh fhada gur dhúisigh an fear a bhí i dteannta a mhná.

“I gcuntais Dé a Mham,” arsa é sin, “tá m’athair tagaithe.”

A mhac críonna a bhí ann. D’éiríodar ar fad, agus do bhí míle fáilthe roimis. Mheasadar nár mhair sé in aon chor. Ach bhí an bhollóg aige, agus do gearradh suas an bhullóg, agus bhí pá na trí bliana istigh sa bhullóg i dteannta na trí chomhairle. Ba mhaith an máistír é.

Lá arna mháireach, do bhí tiomáint ar an seandúine marbh, agus d’imigh mo dhuine bocht, agus do scéigh sé ar an mbeirt a mhairbh é. Do crochadh [iad]¹.

¹ Ó pheann an Dálaigh a thagann an soiléiriú seo idir na lúibíní cearnógacha.

482. *An siúinéir a bhíodh ag ól*¹ VII

3.12.44

CBÉ, 966: 412-415

Bhí siúinéir fadó ann, agus an méid a thuilleadh sé i rith na seachtaine, théadh sé á dh'ól Dé Domhnaigh, agus ní thagadh chun a thí i rith an lae. Bhí lán tí do leanaí aige. Ach tháinig lá Domhnaigh, agus chuir a bhean duine dos na leanaí ar a thuairisc a fhéachaint conas a bhí aige. Bhí sé sa tig ósta, agus cuileachta mhaith timpeall air. Bhí duine éigint sa chuileachtain a thug pingin don leanbh. Cheannaigh sé luach pingine dh'arán, agus do chuaigh sé suas go dtí an tine. Bhí corcán feola in imeall na tine. Bhí sé ag baint blúire dhon arán, agus bhí *steam* ag teacht aníos as an gcorcán. Bhí sé ag cuir an aráin as chionn an ghal, agus fuair sé blas bréa ansan air. Chonaic an *publican* é. Seo aníos é, is thairrig sé lé clabhta baise air.

“Tá mo chuid feola salach agat a bhlaigeaird,” arsa é sin.

Chuir se síos ar fuaid an tí é. Chonaic an t-athair é, agus do ghaibh se trína chroí mar thuig sé gur mhaith an chabhair é féin chun an fheoil a chuir sa chorcán. D'imigh an garsún. Bhí an t-athair ag prapáil is ghaibh sé amach an doras droma², bhí náire air ag teacht amach ar an sráid. Chuaigh sé isteach i ngort. Do shín se sa ghort lé tuirse, agus do bhí sé ag machnamh, an clabhta a fuair an garsún. Bhí an tráthnóna ana-bhreá. Níorbh fhada go bhfeaca sé francach ag teacht amach as an gclaí, agus rud éigin ina bhéal aige. Do bhuail sé thairis é, agus chuaigh 'on chlaí arís, agus do thug leis ceann eile, agus do chuir san áit chéanna é. Bhí sé ag tarrac leis go dtug sé as chionn fiche ceann acu leis. Shuigh sé ar a thóin ansan ag féachaint orthu, agus fé cheann tamaill ansan, d'iompaigh sé air, agus thug tamall eile ag féachaint orthu. Rug sé ar cheann ansan, agus chuaigh 'on chlaí. D'éirigh an siúinéir, is bhailimh sé suas iad. *Sovereigns* ar fad a bhí ann. Tháinig an francach amach as an gclaí is gach aon scread aige. Bhuail sé ina phóca na *sovereigns*, agus d'fhill sé isteach aríst 'on tig ósta.

¹ Is é “An siúinéir a bhí ag ól” an teideal atá le fáil sa lámhscríbhinn. Tá taifeadadh fuaime de leagan eile den scéal céanna ón gCrimhthanach le fáil ar rian uimhir a seacht den dlúthdhiosca.

² “D'airigh sé an ainm seo” a shonraíonn fo-nóta ó SÓD.

“Cad a thug aríst tú?” arsa an *publican*.

“Mhaith liom braon eile,” arsa é sin.

Bhí a fhios ag an *bpublican* go raibh an póca folamh an uair sin.

“Tá do dhóthain óltha agat,” arsa é sin, “bailimh leat.”

Chuaigh sé amach ar an sráid, agus do bhuail cuiréaraí amuigh leis a bhíodh ag tuilleamh léna chapall.

“Cogar,” arsa é sin, “an mbéarfá ábhar lóin go dtí mo thig?”

“Béarfaidh mé,” arsa an cuiréaraí.

Tháinig iontas air ag rá go raibh fiacha aon lóin aige. Do cheannaigh sé arán. Do cheannaigh sé feoil, agus do cheannaigh sé plúr. Do cheannaigh sé té agus siúicre. Bhuail sé isteach go dtí an gcuiréaraí é, agus do dhíol sé amach as gach éinní, agus do dhíol sé an cuiréaraí.

“Seo leat romham,” arsa é sin, “beadsa id dhiaidh.”

D’imigh an cuiréaraí, agus do bhain sé tig an tsiúinéara amach. Tháinig uafás ar bhean an tsiúinéara, ach a bhfeaca sí capall agus cairt ag teacht go dtína tig.

“Cad atá agat?” arsa í sin.

“Tá rud maith agam,” arsa é sin.

Chuir sé isteach gach éinní.

“Cá bhfuairis é sin?” arsa bean an tsiúinéara.

“T’fhear a chuir ’on chairt chugham é,” arsa é sin.

“Ó, is dócha gurb amhla a ghoid sé é,” arsa í sin.

“Imbriathar nách ea,” arsa an cuiréaraí, “gur dhíol sé amach as nach éinní as mo chomhair amach.”

Tháinig an siúinéir abhaile, agus ní fheacathars istigh in aon tig ósta é an chuid eile dhá shaol. Ba thairbheach an clabhta a fuair an leanbh. Mara mbeadh an clabhta a fuair an leanbh, bheadh sé ina réic ar feadh a shaoil.

Tobac agus pípeanna

483. *Píp na Feothanaí*

[?].11.47

CBÉ, 1035: 87-98

Bhí fear thuaidh ar an bhFeothanaigh. Bhí ana-dhúil i dtobac aige. Bhí sé lá, is ní raibh aon ghal aige. Ní raibh oiread ag ól tobac an uair sin agus tá anois. Do shiúlaigh sé an baile féach' an bhfaigheadh sé aon bhlúire. Ní raibh aon bhlúire le fáilt, is dúirt sé ná mairfeadh sé le dul 'on Daingean lá arna mháireach gan gal. Dúirt sé go dtabharfadh sé fén Muirígh. Do bhuail sé aduaidh, is tamall aduaidh ó Ghlaise Bheag, bhí fear suite in airde ar an gclaí ansan – oíche bhreá ghealaí ab ea í, is é ag tarrac a phípe. Bheannaigh sé dho, is bheannaíodar féin dá chéile.

“Suigh anso go fóill,” arsa fear an chlaí leis, “tá an oíche go hálainn.”

Shín sé chuige an phíp, agus do thairrig sé a dhóthain di – dúil mhaith aige inti. Nuair a bhí sé sásta don bpíp, do shín sé chuige í.

“Beannacht Dé le t'anam,” arsa é sin, “is le hanaman do mharbh. Do theastaigh an gal san go dóite bhuam.”

“Má theastaigh,” arsa fear na pípe, “tá áis déanta agat domhsa. Táim ag faire le fada féach' an ngeobhadh éinne an treo chugham a dhéanfadh an méid atá déanta agatsa. Ní gá dhom suí anso níosa mhó,” arsa é sin, “ach buailse chughat an phíp, agus ní chífir folamh go deo í,” arsa é sin, “ach ná tabhair aon chuntas d'éinne conas a fuairis í.”

D'fhág sé slán aige, is dúirt sé leis dul abhaile anois. Chuaigh sé abhaile. Thug sé formhór na hoíche ag gabháilt don bpíp. Ní raibh aon luíodú ag dul ar an bpíp ná lá arna mháireach. Bhí sé á tarrac leis i gcónaí is bhí iontas ar gach éinne sa deireadh ná cídís ag gearradh aon tobac é, pé áit go mbeadh sé, ach an phíp féna c[h]iúir i gcónaí.

Ach aon oíche amháin, bhí braon dí óltha aige. Tá sé ráite ná ceileann meisce rún. Do nis sé conas a fuair sé an phíp. Ach lá arna mháireach, ní raibh pioc don bpíp ina phóca.

484. *Bean thaobh an chnoic agus an fothram sa tig*

[?].7.44

CBÉ, 936: 404-407

Bhí aintín dom thíos ar Thaobh an Chnoic¹ sa Leitriúch, agus do bhí a fear ag iascach. Í féin a bhí ag eachtraí dhom air, agus ní raibh éinne sa tig ach í féin, agus leainbhín beag a bhí aici. Chuaigh sí a chodladh síos 'on tseomra, agus bhí an leanbh ina teannta. Ní raibh aon chodladh ag titeam uirthi agus siar i lár na hoíche, do chuala sí an reabhaiteáil ar fuaid an tí, agus ag reabhaiteáil, agus do tháinig an t-uaigneas uirthi, agus mheas sí dá mbeadh an leanbh dúisithe aici ná beadh leath an uaignis uirthi. Thosnaigh sí ag priocadh an linbh, ag priocadh an linbh, agus ag baint miotóga as go gcuirfeadh sí ag screadaigh é, ach dá mbeadh sí á phriocadh ó shin, ní fhéadfadh sí an leanbh a dhúiseacht. Ach stad an reabhaiteáil sa deireadh. Tá sé ráite nuair a bhíonn beirt mar sin ann, agus duine acu ina chodladh, nách féidir leis an tara duine é a dhúiseacht má bhíonn éinní uaigneach timpeall an tí.

Ní fheaca féin aon tsamhlú riamh, baochas lé Dia, ach do chuir éinní amháin ana-aiteas orm. Ach timpeall na Samhan so a dh'imigh tharainn, d'imíos anso siar ag lorg gamhainín beag a bhí agam. Bhí droch-chuma ag teacht ar thosach na hoíche, agus dúrt liom féin go gcuirfinn isteach é. Bhí mo phíp dearg agam, agus mé á tarrac. Ní raibh sé sa ghort gur chuireas é, agus chuardaíos go maith é, agus do chuireas an clái siar díom lé fios gurb amhla a chuir sé an clái siar do. Nuair a chuireas an clái díom, b'ait liom cad a thug an phíp as mo bhéal, ach d'imigh sí as mo bhéal. Seo liom á cuardach, ach ní bhfuairéas í. Chuas ag lorg an ghamhna ansan, agus bhagraíos liom é, agus chuas ag cuardach aríst, agus fuairéas mo phíp ar an dtalamh, agus nuair a chuireas im béal í, bhí sí dearg fós, agus sin é a chuir an t-iontas ar fad orm, conas go raibh sí dearg, agus an tobac athá anois ann, do mhúchfadh sé dod ainneoin ort, ní féidir é a chimeád dearg. Is dócha gur age duine éigin ón saol eile a bhí sí, agus gurb é a thóg as mo bhéal í.

¹ Baile i bParóiste an Chlocháin atá i gceist, dar le fo-nóta ón scríobhaí.

Fothrach an tsainsiléara

Tá fothrach ansan thiar go dtugann siad fothrach an tsainsiléara air. Deiridís gurb é an seana-shainsiléar a bhí chun cónaithe ann. Ministir ab ea é a deiridís. Ó, níor chuimhin lé héinne é a bheith ann. Ní sa Drochshaol a bhí sé in aon chor ann, ach i bhfad Éireann roimis. Bhí bÁCús aige ann. Deiridís go raibh ana-chuid Éireann seirbhísigh aige, agus bhí mórán Éireann lé bÁCáil aige.

Scine tobac ag titeam ar an dtalamh

Ní ceart go deo scine tobac a thitfeadh bhuait ar an dtalamh a thógaint, ach é a dh'fhágaint ann. Bhíos ansan oíche, agus thairrigíos chugham mo scian, agus mo chuid tobac. Bhí leathcheathrú tobac agam, agus do thit scine tobac bhuam ar an urlár, agus do thógas é, agus do chuireas 'on phíp é. Nuair a bhí an phíp á líonadh agam, do bhuaileas tharam an leathcheathrú ar bhirdeog a bhí taobh liom go raibh bruscar móna inti. Nuair a bhí an phíp lán agam, do dheargaíos í, agus níor chuimhníos riamh ar mo leathcheathrú, agus ghaibh duine éigin an treo, agus theastaigh bhuaidh birdeog mhóna a thabhairt isteach, agus do chaith sé an bruscar a bhí inti laistiar don dtine, agus nuair a chuas féin ag lorg mo leathcheathrú, ní raibh sé lé fáil. Bhí sé dóite sa tine.

Dúrt ansan ná tógfainn aon scine tobac go deo aríst don urlár. Bhíos tráthnóna ag líonadh na pípe, agus bhí duine muinteartha dom tréis teacht ó Mheoraice, agus d'fhanadh sé oícheanta anso. Ach ní raibh puinn fara lán na pípe 'o thobac agam, agus do thit scine bhuam, agus d'fhágas ansan é. D'ólas mo ghal, agus cúpla uair a chloig ina dhia' san, do bhuail an duine muinteartha chugham isteach, agus bhí stráice mór don seana-thobac aige, agus shín sé chugham é. Is dócha go raibh chúig leathcheathrú ann. Bhí an méid sin agamsa, agus b'fhéidir ná beadh á dtógfainn an scine don dtalamh.

485. *An cleamhnas briste*¹ X

10.12.44

CBÉ, 967: 25-28

Do bhí buachaill fadó ann. Buachaill bocht ab ea é. Bhí tig feirmeora in aice leis. Bhí cailín óg ann. Bhíodh sé ana-mhinic i dtig an fheirmeora. Mheas gach éinne gurb í an cailín óg a bhí bhuaidh. Níorbh í. Bhí cleamhnas lé déanamh don gcailín óg, agus do chuaigh sí 'on bhaile mhór, agus cé a bhuailfeadh léi insa bhaile mhór ná an buachaill a bhíodh ag siúl orthu, an réic bocht.

“Is ea,” arsa í sin, “tá cleamhnas lé déanamh domhsa anocht, agus an té atá ag teacht ag déanamh an chleamhnais go deimhin fhéin, b'fhearr liom tusa ná é.”

“Dhera caith bhuaith,” arsa é sin, “is bíodh ciall agat. Ní haon *mhatch* duit mise.”

“Imbriathar mhuisse,” arsa í sin, “go mb'fhearr liomsa tusa. Nuair a raghadsa abhaile anois,” arsa í sin, “ní bhéarfaidh mé aon tobac go dtím máthair² chríonna.”

Thug sí roinnt airgid do.

“Ceannaigh sparán maith tobac anois,” arsa í sin, “agus dein blúiríocha beaga dho, agus cuir id phócaí é, agus nuair a raghaidh tú isteach,” arsa í sin, “tá mo mháthair chríonna gan aon ghal inniubh, is é an chéad rud a loirgeoidh sí orm, an tobac. Déarfaidh mé léi nár thugas aon tobac chúichi, gur dhearúdas é. Beidh sí ag gabhailt dom, agus ag gabháilt do d[h]iabhail, is ag gabháilt do dheamhain, agus nuair a bheidh sí sa b[h]aile mhór, tair isteach, agus bíodh an phíp dearg agat. B'fhéi' go loirgeodh sí gal ort, ach abair léi gur dócha nárbh aon tsásamh di é. Caith lán do dhoirn don dtobac isteach ina haprún chúichi, agus b'fhéidir ná beifeá a haithreachas.”

Dhein sé rud uirthi. Nuair a tháinig an cailín óg abhaile, scaoil an mac an lón a bhí tugtha aici léi chun an chleamhnais.

“Trom mo chuid tobac,” arsa an tseana-bhean sa chúinne.

“I gcuntais Dé a mháthair chríonna, dhearúdas é.”

¹ Tá taifeadadh fuaime den scéal seo le clos ar rian uimhir a deich den dlúthdhiosca.
² l.s. 'bmáthair'

“Dhera, go ndearúda an diabhal tú,” arsa an mháthair chríonna, “a *bhitch*, mise as mo mheabhair anso gan aon ghal ó mhaidean. An bhfuil aon ghal agat?” arsa í sin leis an gcliamhain óg a bhí tagaithe.

“Ní dh’ólaim in aon chor é.”

“Dhé!,” arsa í sin, “nár ólair leis.”

Sa bhaile mhór, cé a gheobhadh isteach ná an buachaill, an straipe bocht, bús tobac aige.

“Dhera a mháthair-chríonna, b’annamh leat aon fhearg a bheith ort.”

Máthair chríonna a thugadh gach éinne uirthi.

“Dhera, canathaobh ná beadh fearg orm nuair a tháinig an diabhal *bitche* sin gan aon bhlúire tobac, agus mé gan aon ghal ó mhaidean.”

“Dhera a mháthair chríonna, thabharfainn gal duit, ach b’fhéi’ go mb’fhearr leat gal as do phíp féin.”

“Cad é an mhaith sin,” arsa í sin, “nuair ná fuil éinní agam lé cuir im píp fhéin.”

Chuir sé a lámh ina phóca.

“Dhera a mháthair chríonna, bíonn bruscar im póca-sa, agus b’fhéi’ go mbeadh oiread agat is a sháiseodh tú.”

Chaith sé lán a dhoirn do *jankeanna* beaga isteach ina haprún. Tháinig dhá shúil di. Chuir sé lámh i bpóca eile, agus chaith sé dorn eile [chúichi]¹. D’fhéach sí in airde air.

“Mo ghrá thú agus mo thaisce,” arsa í sin, “a fhir a bhruscair fhairsing, agus ná rabhair choíche dealbh, agus ní bheidh tú faid is a mhairfeadsa. A Shéamuis, tabhair aníos mo thrunc chugham. A Mháire, an bhfuileann tú sásta leis an mbuachaill seo a phósadh?”

“Táim.”

“Cuirse an doras díot a dhiabhail,” arsa í sin, “tabhair aníos mo thrunc chughamsa, is sáiseodsa in airgead thú. Mise máistir an tí.”

Seo ag comhaireamh airgid chuige í.

¹ SÓD a sholatháir an focal breise seo idir lúibíní cearnógacha.

“Abair liom stad,” arsa í sin, “nuair a bheidh tú sásta.”

Pósadh an buachaill bocht, agus an cailín, agus do mhaireadar go haerach i dteannta a chéilig as san amach.

486. *Seán Móinbhiol á chuir amú*

8.12.44

CBÉ, 966: 514-515

Bhí sé i gCnoc an Bhróigín ina chónaí, bhí aithne mhaith agam fhéinig air, Seán Móinbhiol ab ainm do. An-amhránaí ab ea é. Chuaigh sé tráthnóna suas ar an gcnoc ag baint beart aitinn, tráthnóna anadheanach. Nuair a bhí an bheart aitinn bainte aige, do dhearg sé a phíp, agus do thairrig sé í, agus tréis a phíp a tharrac, shéid sé suas scol amhrán, agus ba róbhreá an díol air é. Nuair a bhí an t-amhrán ráite aige, d'éirigh sé, agus do bhuail sé beart aitinn ar a dhrom, agus do ghluais sé fé dhéin teacht abhaile, agus i gcaitheamh na slí dho, n'fheadair sé cá raibh sé. Bhí sé ag siúl leis, is n'fheadair sé cá raibh sé. Is é an áit a dh'aithin sé sa deireadh, bhí sé cé an Daingin síos, agus an bheart aitinn ar a dhrom. Nuair a chuaigh sé go bun an ché, chaith sé bhuidh an bheart aitinn, agus do bhuail sé aníos, agus do bhuail sé an bóthar abhaile, agus nuair a tháinig sé go dtí an mbóithrín a bhí ag dul go dtína thig, bhí sé ag siúl, agus ag siúl, agus 'mhór an seó an fhaid a bhí sa bhóithrín sochas roimis sin. Sa deireadh, n'fheadair sé cá raibh sé, go raibh sé síos cé an Daingin aríst. Do bhuail sí aníos aríst, agus nuair a tháinig sé go dtí an bóithrín:

“‘On diabhal,” arsa é sin, “má scaoilim fén mbóithrín, tógfar liom aríst.”

Dhein sé ar an gceartain, agus do bhuail sé a dhrom lé comhla na céartan, agus bhí gach aon scread aige nó go dtáinig an gabha air, agus rug an gabha sall abhaile é. Is dócha go mbeifí go maidean ag gabháilt do mara mbeadh san.

487. *Bhí triúr ar mhuin triúir*

11.3.45

CBÉ, 968: 131-132

Do bhí fear ag gabháilt cóngar roilige oíche, agus do bhí fear suite ar an gclaí, agus é ag tarrac phípe.

“Suigh anso,” arsa é sin, “agus tairrig cuid don bpíp seo,”

Do shuigh. Oíche bhreá ghealaí. Nuair a bhí sé sásta dhon bpíp, shín sé chuige í.

“An bhfaighidh mé aon díol fiach inti?” arsa é sin.

“Cad é a díol fiach a thabharfainn duit?” arsa an fear.

Thairrigh sé lé clabhta baise air, agus do dhein sé láir capaill do. Bhailimh sé leis ina capall¹, agus bhí sé² ag imeacht go raibh trí cinn do shearraigh aici. Ghaibh sé an tslí aríst.

“Is ea, an bhfuil aon díol fiach agat dom anois?” arsa an fear.

“Níl,” arsa an capall.

Thairrig sé lé clabhta eile air, agus do dhein sé bean do. Dh'imigh sí, agus do bhí sí ag imeacht go raibh triúr mac aici. I gcionn áirithe aimsire, ghaibh sí an treo, bhuail sé léi.

“Is ea, an bhfuil aon díol fiach anois agat dom?”

“Níl,” arsa í sin.

Thairrig sé lé clabhta baise uirthi, agus dhein sé préachán di. Bhí sí ina préachán ag imeacht ansan go raibh trí cinn do ghearrcaigh aici. Ach aon lá amháin, bhí sí in airde ar simné, agus na simnéithí an uair sin, chíféa an mhuintir a bheadh ar a dtinteán anuas. Ghaibh fear isteach. Do dhearg sé a

¹ c.f. TIF 314.

² Tá sé spéisiúil gur mar fhaisnéisí baineann a thagraíonn an aidiacht shealbhach agus an forainm réamhfhoclach dó, ach go bhfuil an forainm ‘sé’ leis san abairt. Tá an ghuagacht seo le fáil ar fud na míre seo. Níor mhiste a lua i gcomhthéacs seo na guagachta ó thaobh an inscne ghramadúil de ná gur sholáthair Barbara Hillers an mhír seo ón gCrimhthanach, le nótaí ar chúrsaí teanga agus le haistriúchán Béarla ón scoláire Harvard, mar chuid den phlé a dhéan sí ar mhalartú an inscne fhisiciúil i scéalaíocht an traidisiúin Ghaelaigh (Hillers, 1995: 183-185). Is é atá le rá aici ina thaobh ná “it has been assigned the motif number D12 in Thompson's *Motif-Index of Folk-Literature* (Bloomington and Helsinki, 1932ff); *vide* also T.P. Cross, *Motif-Index of Early Irish Literature* (Bloomington, 1952). D10-12 deal with magic gender transformations; D11 lists female to male, D12 male to female transformations. However, the mere fact of gender change clearly does not adequately define the story. In fact, The Man Who Becomes a Woman can claim enough of a plot to warrant being classified as a story in its own right, specifically a migratory legend” (ibid: 195).

phíp, agus do shín sé go dtí bean an tí í. Thairrig sí cúpla gal di, agus nuair a thug sí an phíp do:

“Beannacht Dia dílis lé t’anam is lé hanaman do mharbh,” arsa í sin.

Ghaibh an préachán an méid sin, agus i gcionn áirithe aimsire, do bhuail sé trasna ar an bhfear.

“Is ea,” arsa an fear, “an bhfuil aon díol fiach agat dom.”

“Ó, beannacht Dia dílis lé t’anam,” arsa é sin, “agus lé hanama do mharbh.”

“Is fada athánn tú ag imeacht,” arsa é sin, “gan aon díol a thabhairt dom. Táimid ar fad *alright* anois,” arsa é sin.

Dhein sé fear do. Tháinig sé abhaile. Bhí sé in am aige pósadh ansan. D’imigh sé, trí cinn do chapaill, triúr mac, na trí cinn do phreacháin – bhí triúr ar mhuin triúir, agus triúr léna gcois ag lorg bean nó máthair, agus a máthair léna gcois.

488. *Fear go raibh dúil i dtobac aige*

8.4.45

CBÉ, 968: 383-385

Bhí fear thíos ar ché an Leitriúigh fadó. Bhí ana-dhúil i dtobac aige. Do rith sé amach as tobac. Do chuaigh sé go Clochán. Ní raibh aon phioc tobac i gClochán. Do chuaigh sé as san 'on Chaisleán, agus ní bhfuair sé aon bhlúire tobac sa Chaisleán. Chuaigh sé go Trá Lí. Chuaigh sé isteach i siopa i [d]Trá Lí, agus d'fhiarthaigh sé d'fhear an tsiopa an raibh tobac aige. Dúirt sé go raibh.

“Caith chugham blúire dho go tapaidh,” arsa é sin, “táim caillthe le dhá lá gan aon ghal.”

“An ólfá puinn tobac anois?” arsa fear an tsiopa.

“Níor líonadh an phíp riamh,” arsa é sin, “ná hólfainn”

“Cuirfeadsa geall leat,” arsa fear an tsiopa, “go líonfadsa píp duit ná hólfair.”

“Cuirfead aon gheall síos,” arsa fear an Leitriúigh.

Chuireadar punt síos ón dtaobh. Thairrig sé amach bosca mór pípe, agus seo ag gearradh thobac é. Do raghadh níos mó ná unsa tobac sa phíp. Do bhí fear an Leitriúigh ag cuir dhathaí dho. Do bhí seana-phinséar saighdiúra suite ar chathaoir cois na tine. Do chuala sé an chaint. Do chonaic sé an phíp. Fuair sé bior iarainn. Do chuir sé isteach 'on tine é. San am go raibh an phíp lán, do bhí an bior dearg.

“An bhfaigheadsa í a dheargadh?” arsa an saighdiúir.

“Gheobhaidh tú,” arsa fear an tsiopa, “agus do dhóthain a tharrac di leis.”

Thiomáin sé an bior síos i lár na pípe. Do bhí an bior ag obair leis, agus do chinnibh an saighdiúir sa tsiúl é go raibh tine tógtha ag an dtobac ar fad síos go tóin. Thug sé do fear an Leitriúigh ansan an phíp. Nuair a fuair fear an Leitriúigh an phíp, ní raibh an dhóthain in aon chor inti. Chaith sé an luath amach aisti. Bhí a gheall aige, ach do bhí caillthe aige mara beadh an saighdiúir. Tabhair fé ndeara go bhfuair an saighdiúir a dhóthain le n-ól bhuidh go raibh an oíche go maith aige.

Fear na Feothanaí agus an tobac

Bhí fear ar an bhFeothanach¹ fadó, agus bhí ana-dhúil i dtobac aige, ach do rith sé amach as tobac, agus do ghluais sé san oíche go dtiocfadh sé fé dhéin na Muirí, fhéach an mbuailfeadh aon bhlúire tobac leis. Ach ag gabháilt an bóthar, is é siar san oíche, do bhí fear in airde ar an gclaí suite ar thaobh an bhóthair, agus pípe dearg aige. Do bheannaigh sé dho. Do bheannaíodar fhéin dá chéile.

“Suigh anso tamall,” arsa fear an chlaí, “agus tairrig an phíp.”

Shín sé an phíp chuige, agus do thairrig sé a dhóthain di, agus é ag teastáilt go dóite bhuidh, agus nuair a shín sé chuige an phíp:

“Beannacht Dia² le t'anam,” arsa é sin, “is le hanaman do mharbh.”

“Ana-mhaith,” arsa fear an chlaí.

“Ní gá domhsa a bheith anso níosa shia. Táim ag feitheamh le fada ann. Buail chughat an phíp anois,” arsa é sin. “Ná tabhair aon chuntas d'éinne cá bhfuairis í. Ní gá dhuit aon bhlúire tobac a chuir go deo inti,” arsa é sin. “Beidh sí lán i gcónaí agat, ach cinnibh í, agus ná tabhair aon chuntas conas a fuairis í.”

D'imíodar mar sin go dtí babhta a bhí sé i gcuileachta, agus do thit braon dí air, ach d'eachtraigh sé dhóibh conas a fuair sé an phíp. Ar maidin lá arna mháireach ní raibh aon phioc don bpíp ina phóca.

¹ Bheifí ag súil le “ar an bhFeothanaigh”, tabharthach, gan dabht.

² Líne ag SÓD faoin bhfocal seo sa lámhscríbhinn, iontas á dhéanamh aige gan dabht de thuiséal ainmneach an ainmfhocail ‘Dia’ a bheith sa suíomh ginideach anseo.

489. *Liam Chathail a thug drochghuí dhos na púcaí*¹

[?].6.44

CBÉ, 936: 394

Bhí Seana-Chathalach thuaidh ar an gCoimín, Liam Chathail, agus an-fhear tobac ab ea é. Chaitheadh sé éirí istoíche, agus a phíp a dheargadh, agus a dhóthain a dh'ól di cois na tine. D'éirigh sé oíche acu go háirithe, agus tháinig sé aníos 'dtí an dtine, agus bhí dhá bhó istigh, agus bhí an phíp dearg aige aige, agus é á tarrac.

“Má,” arsa ceann dos na ba.

“Má,” arsa ceann eile dos na ba.

“On diabhal,” arsa é sin, “go bhfuil an ceart agaibh. Beidh mo ghal agamsa ar mo shuaineas, ach ní fhágfaidh mé ocras oraibhse. Tabharfaidh mé sop chughaibh.”

D'éirigh sé, agus d'imigh sé amach, agus chuaigh sé amach, agus do thug sé leis isteach cúpla punann, agus chaith sé fé cheann na mba é. Nuair a shuigh sé síos ansan chun a ghal a bheith aige, bhí a phíp ar iarraidh, agus seo ag cuardach é, agus ní raibh aon áit aige chun í a chailliúint, ach ón dtine go dtí an stáca. Chuaigh sé amach, agus tháinig sé isteach, agus ní bhfuair. Las sé scolb giúise, agus bhí sé ag lorg ar fuaid an tí, agus chuaigh sé amach, agus solas breá aige, ach ní bhfuair sé an phíp. Bhí seo ag cuardach ar fuaid an tí é.

“Cad atá ort?” arsa a bhean aníos ón seomra.

“Tá,” ar seisean, “tá mo phíp cailte agam, agus anois a thógas as mo bhéal é.”

“Dhera, ná bac í,” arsa an bhean, “tá píp bhán ansan ar an *dresser*, agus déanfaidh sí tú.”

“Dhera, gadé an chabhair dom í sin?” ar seisean.

Píp dhubh chré a bhíodh ages na seandaoine an uair sin. Níorbh aon tsásamh leo aon phíp eile. Ach do thug sé leis an phíp bhán, agus do líon sé í, agus bhí sí á hól, agus do chuardaigh aríst, agus má tá, ní bhfuair. Chuaigh sé ag cuardach ar maidin, agus má tá, ní bhfuair, agus b'ait lena c[h]roí conas ná raibh sí le fáil in aon áit aige. I gcionn tamaill don maidin, ghaibh duine dos na comharsain

¹ c.f. CBÉ, 1035: 99-101 mar a bhfuil insint eile ar an eachtra seo.

chuige isteach, Seán Ruiséal.

“Dearg an phíp,” ar seisean.

Do dhearg sé an phíp, agus bhí sé á tharrac, is á tharrac.

“Dhera, is mithid duit do dhóthain a bheith ólta agat di,” arsa Seán Ruiséal.

“Níl,” arsa Liam Chathail, ar seisean, “mar ní dh’fhaighim aon tsásamh inti seo. Bhí mo phíp fhéin aréir agam, agus chailleas í,” ag insint do conas a chaill sé í.

“Na daoine maithe a thug bhuait í,” arsa Seán Ruiséal.

“Más iad mhuisse,” arsa Liam, “cuirim Dia ina diaidh orthu.”

Bhíodar suite cois na tine, agus na simnéithí a bhí an uair sin ann, bhíodar comh hoscailte go ndéanfaidís solas don dtig. Do dhoirchigh an simné fé mar a thiocfadh scamall ann, agus nuair a dh’imigh an scamall, bhí an phíp féna bhais ar a ghlúin.

“Tá sí agat anois,” arsa Seán Ruiséal, “agus is mairg ‘uit a labhair comh láidir.”

490. *Píp an bhaile seo, píp na Cille*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 104-105

Bhí bean dos na O'Donnells ar an mbaile. Níor phós sí riamh. Bhíodh sí ag ól tobac. Níl aon duine an uair sin ná bíodh slabhra acu ar *chover* na pípe. Nuair a bhí sí ag dul chun báis, d'fhág sí le huacht an phíp a dh'fhágaint age m'athair. Ar an Ráth Dhuibh a cuireadh í. Bhí an oíche ann san am go dtánadar. Bhíodar suite timpeall na tine, iad ag caint. Níorbh fhada go ndúirt O'Donnell go raibh sé comh maith aige an oidhreacht a thabhairt do. Chuir sé a lámh go poll an adharta, is ní raibh pioc don bpíp ann.

“Gadé an diabhal a thóg an phíp a bhí anso?” arsa é sin.

Ní raibh éinne a admháladh sa phíp. Do bhí sé ag pramsáil, buile is aonach air. Dúirt m'athair leis é a thógaint socair.

“Conas a thógfainn socair é,” arsa é sin, “thóg duine éigin í” arsa é sin, “is d'fhág sí le huacht í a thabhairt duit.”

Níorbh fhada gur baineadh *rattle* as an urlár leis an bpíp, ach níor briseadh í, píp chré. Mheas an bhean a bhí sa chúinne gurbh amhla a thit an phíp as bhéal m'athar.

“Tá do phíp briste,” arsa í sin.

Bhí sé age duine éigin.

491. *Píp dhubh ón saol eile*

[?].12.47

CBÉ, 1035: 106-107

Bhí leaid óg dos na Connors anso thiar. Bhí ana-dhúil i dtobac aige. Bhaineadh sé amach m'athair i gcónaí chun gal a dh'fháil. Ach tháinig sé aon oíche amháin. D'fhiarthaigh sé:

“An bhfuil aon ghal agat” arsa é sin le m'athair.

“Níl,” arsa m'athair, “aon ghal anocht agam.”

M'athair críonna, is é a choiglíodh an tine, agus is é a dh'ardaíodh ar maidin í. Nuair a dh'éirigh sé ar maidin lá arna mháireach, do bhí píp dhubh chré ar an dtinteán roimis lán do thobac. Nuair a dh'éirigh m'athair ar maidin:

“An rud a dheinis aréir,” arsa é sin, “ní raibh sé ceart agat é a dhéanamh.”

“Gadé an rud é?” arsa m'athair.

“Ná dúirís le mac Chonair,” arsa é sin, “ná raibh aon ghal agat.”

Chuir sé a lámh ina phóca:

“Ná cíonn tu,” arsa é sin, “ná raibh aon ghal inti.”

Rug m'athair críonna ar an bpíp a fuair sé ar an dtinteán.

“An raibh sí sin agat?” arsa é sin.

“Ní fheaca im dhá shúil riamh í,” arsa m'athair, “agus ní bheidh aon lámh anois agam inti.”

“Fuaireas í sin ar an dtinteán,” arsa m'athair críonna.

Bhuail sé ar an ndrúsar í. Níor chuir sé ina bhéal í. I gcionn tamaill don lá, tháinig uncail dom ón Leitriúch, bhí ana-dhúil i dtobac aige. Ach ní fada a bhí sé istigh nuair a dh'fhiarthaigh sé dho m'athair an raibh aon ghal aige.

“Tá píp ansan ar an ndrúsar,” arsa m'athair leis, “lán do thobac, ach sid é an slí a fuarthas í.

An dtairrigeoir í?”

“Tairrigeod,” arsa é sin, “ní fearr liom slí a fuarthas í.”

“Buail chughat anois í,” arsa m'athair leis.

Bhuail sé chuige í, ach n’fheadar ar sheasaimh sí comh fada le “píp na Feothanaí”¹. Is dócha gur chun guíochtaint ar na mairbh a cuireadh ann í.

¹ Bhí an insint eile ar an méid seo le fáil in CBÉ, 968: 153-154, agus mar chuid d’fho-nóta ag bun na lámhscríbhinne seo, tá “feic scéal le Seán Criomhthain roimis seo, ‘Píp na Feothanaí’” scríofa ag SÓD. In CBÉ, 1035: 97–98 atá an ‘scéal’ eile a bhí i gceist aige.

492. *An sprid agus an cailín marbh*

26.11.44

CBÉ, 966: 303-305

Bhí sé theas ar an nGarrán fadó, buachaill, agus bhí cailín i Léim Fhir Léith. Bhíodar ana-mhór lé chéile, beirt acu. Ach d'imigh an buachaill 'on Daingean lá aonaigh, agus bhí sé ana-dhéanach nuair a tháinig sé.

“Nách fada amuigh dhuit,” arsa an t-athair, “agus mé gan aon ghal ó mhaidean.”

“On diabhal a athair,” arsa é sin, “dhearúdas do chuid tobac.”

“Ó dearúd fada ort,” arsa an t-athair, “is é an náire dhuit é, agus an cailín go bhfuileann tú mór léi, í caillte. Is é an náire dhuit é.”

Bhuail sé a shrian chuige, agus amach leis, agus chuaigh sé 'on pháirc 'dtí an gcapall, agus do bhain sé an ceangal bhuaithi, agus phreab sé in airde uirthi, agus do bhain sé amach an Daingean aríst, ag triall ar an dtobac. Fuair sé an tobac, agus do ghluais sé, agus age Baile Uí Shé, bhuail an sprid leis. Do phreab an sprid ar dtaobh thiar do ar an gcapall, agus má phreab, ní haon eagla a tháinig air, ach an téadán a bhí ar an gcapall, bhí sé casta ar a muineál aige, agus do scaoil sé é, agus do chaith sé siar é, agus do cheangail sé an sprid timpeall air féin. Ach nuair a bhí sé ag déanamh ar an dtig:

“Á,” arsa í sin, “scaoil liom.”

“Ní scaoilfead,” arsa é sin, “leat.”

“Cad a thug ann tú?,” arsa é sin.

“Ó scaoil liom,” arsa í sin.

“Ní dhéanfaidh mé,” arsa é sin.

“Scaoil liom,” arsa í sin, “is tógfaidh mé an cailín athá marbh aríst chughat.”

“Conas a thógfa í?” arsa é sin.

“Tabhair an tobac do t'athair,” arsa í sin, “agus faigh maide, agus téire sall go tig an choirp, agus dein ar an mbord, agus tairrig lé buille 'o mhaide uirthi, agus éireoidh sí aniar, agus abair léi an doras a chuir di go tapaidh. Buail an tarna [h]uair í, agus abair léi

mara ngeobhaidh sí amach, go loiscfidh tú í. Fág an doras oscailthe. Gheobhaidh sí amach, agus gheobhaidh do bhean fhéin isteach aríst.”

Tháinig sé, agus do scaoil sé léi. Thug sé an tobac dá athair, agus do bhain sé amach tig an choirp, agus a mhaide aige, agus do dhein sé ar an gcorp, agus do thairrig lé buile mhaide ar an gcorp. Bhíothars chun é a ghreamú, ach nuair a chorraigh sé is d'éirigh sí aniar, thit a raibh istigh. Thit a raibh ann, ach é fhéin. Bhuail sé an tarna huair í. Dúirt sé léi an doras amach a thabhairt di go tapaidh. Do chuir sé an doras amach di, is ní túisce sin ná a ghaibh a bhean féin isteach comh maith is a bhí sí aon lá riamh. Bhíodar go lántsásta as san amach. Pósadh beirt acu.

493. *Tosnú an tobac ar thórramh*

7.1.45

CBÉ, 967: 181-182

Lém chuimhne-se, agus lé cuimhne m'athar óg, bhíodh tobac i dtithe coirp, agus b'fhéidir ná feadair daoine cad é an bun a bhí leis an dtobac ná cad a thosnaigh an chéad lá riamh é, ach guíochtaint ar na mairbh¹. Bean an chéad duine riamh a dh'ól an chéad ghal tobac. Do bhí duine dhos na haspail caillthe. Do bhí an chuid eile acu suas leis, agus do bhí bean ina dteannta. Thit a gcodladh orthu ar fad, agus nuair a dhúisíodar, bhí píp i bhfianaise gach éinne acu lán do thobac. Rugadar ar an bpíp, agus do rug an bhean ar a píp, agus is í an bhean an chéad duine a chuir an phíp ina béal, agus do bhí sí ag súrach na pípe, agus níorbh fhada gur chuir sí tine ar cheann na pípe, agus do bhí sí ag tarrac, agus fuair sí blas ana-bhreá uirthi. Sin é an tslí a thosnaigh an tobac an chéad lá riamh, agus chun guíochtaint ar na mairbh athá an tobac ó shin ann.

¹ Ceithre chúis éagsúla a thug Pádraig Ó hÉalaí leis seo. De bharr gur fhás an tobac ar uaigh an tSlánaitheora, de bharr gur chaith Muire tobac agus í féin ar thórramh, de bharr gur chuir an Slánaitheoir tobac agus snaois ar thórramh, agus de bharr go mbítí “á chaitheamh sna flaithis.” Luadh MI V1547 agus V60 leis an míniú deireanach sin (2012: 299).

Clár na rianta a fhaightear ar an dlúthdhiosca

‘Scothsheanchas Sheáin Mhic Criomhthain’

Nóta ar phróiséis an taifeadta

Ba é Caoimhín Ó Danachair a bhí i bhfeighil ar bhreacadh na bplátaí a d’fhág againn na taifeadtaí fuaime a phléitear sa chuid dheireanach seo den tráchtas (CBÉ, 1291: 6). Dar ndó, bhí taifeadtaí déanta ag Seosamh Ó Dálaigh agus Seán Ó Dubhda de bhéalaithris an Chriomhthanaigh roimhe sin, ach is le fiteáin chéarach a bhí na bailitheoirí sin ag obair (Ó Dubhda, 1948: 71; Tyers, 1999: 13), agus is é is dóichí ná gur leáigh na fiteáin sin nuair a tháinig aon aimsir te faoi mar a bhí i ndán do mhóran taifeadtaí luatha dá chineál (Lee, 2004: 875). I mí Eanáir 1947 a thosaigh Séamus Ó Duilearga ar an teicneolaíocht is déanaí ó thaobh an taifeadta a thabhairt go dtí an Coimisiún:

Earlier that month Ó Duilearga had written to von Sydow on the matter... he speaks of what they could achieve if properly funded and established and of his dreams of utilising modern technology such as sound film and field gramophones, of depositing microfilm copies of both the Commission’s manuscripts and sound recordings in foreign institutions, of sending Caoimhín Ó Danachair and other members of staff abroad for training... and of employing more collectors, (Briody, 2007: 163).

Go dtí na Críocha Lochlannacha a cuireadh Caoimhín Ó Danachair i bhfómhar na bliana 1947 le taithí a fháil ar léann an bhéaloidis ar feadh tréimhse dhá mhí (ibid: 337). Bhí roinnt taifeadta déanta ag Ó Danachair le gléas neamhghnách neamhshonraithe éigin i dteannta Shéamuis Ennis sa samhradh roimhe sin i gCorca Dhuibhne (ibid: 341), ach faoin tráth ar fhill sé óna thréimhse ar an gcoigríoch, bhí an trealamh taifeadta cuí ar fáil do bhailitheoirí an Choimisiúin:

The Finance Sub-Committee sanctioned the purchase of a new gramophone recording apparatus and later that year, after this equipment had arrived, the purchase of a van to transport it. It was late April 1948, however, by the time this van was adapted for use as a mobile recording unit... the mobile unit was to be operated by Caoimhín Ó Danachair, (ibid: 298).

Bhí an veain sin ar fáil más ea don dá ócáid seanchais idir an 16 Iúil agus an 18 Iúil 1948 ar ar thaifead Caoimhín Ó Danachair na míreanna fuaimne a mhaireann go dtí an lá inniu de sheanchas Sheáin Mhic Criomhthain (CBÉ, 1291: 6). Is é an cur síos seo a leanas a thug Raymond Lee ar an gcineál trealamh a bheadh i gceist agus a bhfuil íomhá de thíos:

These comprised a microphone and amplifier connected to an electrically-driven constant speed turntable. As well as a playback arm, the turntable had a recording arm with a steel stylus which, taking a signal from the microphone via the amplifier, cut grooves in an acetate disc. The 10 inch (25.4 cm) records cut in this way could be replayed at 78 rpm on a standard electrical phonograph. Since each disc could hold only about four-and-a-half minutes of recorded sound, a second turntable and a switching device was used so that, as one disc became full, a fresh disc could be switched into use, (Lee, 2004: 875-876).



Fairchild Model 220 Turntable Record Cutter

Ba mhór an ní é gur cuireadh an trealamh seo ar fáil don Choimisiún sa deireadh, mar a léirigh Briody:

The Commission had been waiting for years to have its own mobile recording unit, and now that it had one, there was urgent work to be done. This Ó Danachair set about doing immediately... He was to visit all Gaeltacht areas and many pockets of residual Irish elsewhere, (Briody, 2007: 342).

Bhí sé anois ar chumas Uí Dhanachair taifeadadh buan a dhéanamh de Sheán Mac Criomhthain, agus is léir gur measadh an Criomhthanach a bheith ar na cainteoirí ba mhó prainn, ón uair gur ghearr an mhoill a dhein Ó Danachair agus turas á thabhairt ar an gCill aige – trí mhí tar éis don “mobile recording unit” a bheith curtha ar fáil ar dtús dó. Ba mhaith an mhaise dó é mar gur cailleadh Seán seacht mbliana i ndiaidh na seisiún taifeadta a chuirfidh chomh mór leis an tráchtas seo. Aisteach go leor, bhí an trealamh féin ag imeacht as an saol faoin tráth gur deineadh na taifeadtaí stairiúla céanna:

By the time the Commission had its mobile recording unit up and running in March 1949, the days of gramophone field recordings were in many respects numbered. Indeed, some six months earlier, John Lorne Campbell lent the Commission, for the use of Calum MacLean in Scotland, a ‘magnetic tape recorder’ he had purchased in the United States. This was the first use made by one of the Commission’s collectors of a tape recorder, (ibid: 341).

Nocht Mícheál Briody le tuairim inspéise i dtaobh an obair bhailiúcháin a dhein Caoimhín Ó Danachair agus daoine mar é:

Those who operated the Commission’s mobile recording unit, although they might be termed collectors, did not employ the same methods as full-time collectors. They were more like ‘samplers’ of the tradition. They did not delve into the tradition, nor did they stay long enough in any area to do so. They, for the most part, simply skimmed the surface: collecting sample tales, lore, and songs in order to have an acoustic record. The fact that they did not keep diaries of their work also distinguishes them from the full-time collectors, (Briody, 2007: 280).

Pé lipéad a thabharfaí ar an ról a bhí ag Caoimhín Ó Danachair, níl aon dabht ach go gcuirfidh an té

ar suim leis an chanúineolaíocht an-spéis sna ‘samplaí’ seo a bhfuil fuaimeanna suaithinseacha le clos iontu agus le léamh, leis, sna tras-scríbhinní a chuireas-sa i gcrích de réir an mhodha eagarthóireachta a míníodh in Imleabhar I. Mar ‘atsan’, cuirim i gcás gan ach sampla amháin a lua, a chloistear an focal a tras-scríobhadh mar ‘ansan’ sna míreanna seo. Bheadh fonn ar scoláire eile, b’fhéidir, tabhairt faoi thras-scríobh a dhéanamh de réir na haibítire idirnáisiúnta foghraíochta, mar shampla, ach faoi mar a dúirt Roibeard Ó Cathasaigh agus Bo Almqvist i réamhrá Ó Bhéal Bhab, ‘toisc go bhfuil guth an scéalaí ag dul leis an bhfoilseachán seo, níl an gá céanna le mionsonraí fuaimnithe a léiriú mar atá i gcásanna eile’, (Almqvist agus Ó Cathasaigh, 2002: 159).

Is le caoinchead Chnuasach Bhéaloideas Éireann a chuirtear ar fáil anois ar an dlúthdhiosca a ghabhann leis an saothar seo na taifeadtaí a dhein Caoimhín Ó Danachair leis an teicneolaíocht is déanaí. Míreanna a bhí tras-scríofa cheana ag Seosamh Ó Dálaigh agus Seán Ó Dubhda ar fad a thaifead sé, agus is é an buntáiste a bhain lena leithéid de chuir chuige ó thaobh an eagrán seo ná go bhfuil leagan “liteartha” eile ag freagairt do gach ceann de na taifeadtaí fuaime a fágadh le hoidhreacht againn. Tugann na lúibíní cearnógacha le fios nach rabhthas iomlán sásta le cruinneas an tras-scríofa a tugadh. Féadfar a thuilleadh eolais i dtaobh gach scéil a lorg sna fo-nótaí a ghabhann leis an leagan liteartha a fhreagraíonn dó san eagrán seo, más ea.

Is é seo a leanas an t-ord ina bhfuil na taifeadtaí le clos ar an taifeadadh:

- I. Scéal Ghoirtín na Crú
- II. An sagart ag goid na muice
- III. Dónall Ó Conaill agus an dá bhullán
- IV. Gile Gréine
- V. Coinníl phósta idir beirt naíonán
- VI. Bithiúnach i gcló cailín á mharú ag madra

VII. An siúinéir a bhíodh ag ól

VIII. Gearaltach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí

IX. Rí na mBréag

X. An cleamhnas briste

XI. Cúig phunt don tsagart

XII. Cailín Caitliocaí a phós Sasanach

XIII. Meáig is an Muga Óir

XIV. Droichead Ráth Caola

I. Scéal Ghoirtín na Crú¹

[?].7.48

CBÉ, CT0319: 0.13 – 3.04

Do bhí sagart ann fadó, agus ní bhearrfadh sé é fhéin aon Luan. Caithfidh na sagairt iad féin a bhearradh gach aon lá – ní bhearrfadh sé é fhéin aon Luan. Do gearánadh é, agus do chuir an t-easpag fios air. Do chuaigh sé go dtí an t-easpag, agus d’fhiarthaigh sé dho canathaobh ná bearradh sé é fhéin Dé Luain. Dúirt sé ná beadh lomadh an Luain air.

“Is ea,” arsa an tsagart [sic], “tánn tú lán do phiseoga. Imigh anois,” arsa é sin, “agus ní gheobhair do phas bhuamsa nó go ngeobhaidh tú amach Goirtín an Chrú,” arsa é sin, “gan a thuairisc a chuir ar aon duine, agus gan codladh an tarna hoíche in aon leabaidh nó go bhfaighfidh tú amach é.”

D’imigh sé air, agus ní raibh neart aige a thuairisc a chur ar éinne. Ach bhí sé ag siúl roimis, do tháinig lá báistí air. Bhí sé fliuch báite, agus chuaigh sé isteach i dtig. Dúrtas leis suí aníos. Ní fada a bhí sé istigh nuair a tháinig garsún isteach, agus uan ar a bhaclainn aige. Bhí an braon istigh ag an ngarsún.

“Á, cá rabhais ó mhaidean,” arsa an t-athair leis, “tánn tú fliuch báite.”

“Bhíos ag faire ar an gcaíora,” arsa é sin, “bhí sí breoite,” arsa é sin, “agus is é an áit a rug sí i nGoirtín na Crú.”

“Ana-mhaith,” arsa an tsagart [sic] leis fhéin.

“Téirídh²,” arsa fear an tí, “agus téirídh ag triall ar an gcaíora.”

“Ná corraíodh éinne anois,” arsa an tsagart [sic], “ach an bheirt athá fliuch.”

D’imigh sé fhéin is an garsún a bhí fliuch, agus do chuadar go dtí Goirtín na Crú.

“Anso a bhí an chaíora ag breith?” arsa an sagart.

¹ Tá leaganacha eile den scéal seo tras-scríofa ó bhéalaithris Sheáin Mhic Criomhthain ag Seán Ó Dubhda in CBÉ, 121: 551-555 agus in CBÉ, 1715: 246-249, agus ag Seosamh Ó Dálaigh in CBÉ, 966: 293-295.

² Mar /t’air’i:g/ nó ‘téidhrídh’ a réadaíodh an fhoirm seo tríd síos sa taifeadadh seo, tréith nár marcáladh in aon cheann de na lámhscríbhinní a bhreac bailitheoirí an Choimisiúin. D’fhéadfaí gur faoi anáil ‘éirigh’ a deirtear ‘téirídh’ ar an gcuma seo.

“Is ann,” arsa é sin, “sin é an paiste go rug sí, Goirtín na Crú,” arsa é sin, “is ainm don ngort so.”

Chuaigh sé go dtí an gort. Fuair sé ordú ón teaspag, dá ngeobhfadh sé amach é, inead sáipéil a shíneadh amach ann. Do chuaigh sé go dtí an gclaí, agus fuair sé gabhál cloch, agus do mharcáil sé amach inead teampaill ann... sáipéil ann. Tógadh sáipéal breá ina dhia’ san ann, agus do fuair sé a phas ón easpag.

Chualabhair é sin a Deiní¹, a Deiní, an gcualaís é sin?

Bhí scéilín beag eile agat mar gheall ar an sagart a bhí ag goid na muice.

Á! Tá san cuíosach fada.

Tá.

Tá... An scaoilfidh me fé?

Is ea.

¹ D’fhéadfaí gur do Chaoimhín Ó Danachair a thagraíonn ‘Deiní’.

II. *An sagart ag goid na muice*¹

[?].7.48

CBÉ, CT0319: 3.11–6.10

Bhí beirt driothár fadó ann². Do bhí duine acu go hana-mhaith as. Ní raibh éinne clainne aige. Do bhí lán tí do pháistí ag an nduine eile acu, agus gan éinní aige, ach ag tuilleamh a phá lae. Do bhí bean an duine bhoicht, níor mhaith an bhean í, agus do bhí bean an té ná raibh éinne clainne aige, ana-bhean ab ea í, do bhíodh sí ana-mhaith dhon driotháir bocht. Ach d’imigh a dhriotháir lá, agus do bhí paiste beag talún tamall maith ó bhaile bhuaidh, agus do thóg sé dho é, agus d’aistrigh an fear bocht go dtí an bpaiste sin. Bhí sé ag déanamh go hana-mhaith ann nó do bhuail sé breoite. Bhí sé ana-shuarach. Ba mhaith leis go mbeadh scéal aige ar a dhriotháir, go gcífeadh sé sara gcaillfí é. Is ea, tháinig teachtaire go dtí an driotháir, agus stiúraigh duine éigint é ar [chóngar éigin]. Ach do bhí abha mhór insa chóngar. Ach go ghaibh sé an cóngar, agus nuair a tháinig sé go dtí an abhainn, do bhí fear eile ar an dtaobh eile dhon abhainn, agus slat iascaigh aige, agus é ag iascach ar an abhainn. Do labhair sé leis, agus d’fhiarthaigh fear na slaite dho cad as é. Nis sé dho. Á, d’fhiarthaigh sé dho cá raibh a leithéid sin do thig. ’Spáin fear na slaite dho é.

“Mise é sin,” arsa fear na slaite.

“Chuir do dhriotháir mise ag triall ort,” arsa é sin, “mar tá sé ana-shuarach, breoite i leabaidh.”

Á, b’fhada leis an driotháir dul abhaile go dtí an dtig. Do bhain sé dho a chuid...

“Bain díot do chuid éadaigh,” arsa é sin, “agus téir isteach fén bport. Agus, bainfeadsa mo chuid éadaigh anso dhíom,” arsa é sin, “agus é ag gabháil treasna na habhann, agus ní fada go mbeidh an tuile titithe, féadfairse teacht air anois, agus ansan, agus mo chuid éadaighse a chuir ort, agus dul go dtí mo thigse.”

Bhí an tig tamall bhuathu.

¹ ‘An fear a bhí breoite’ a thugtar i gcartlann an Choimisiúin ar an taifeadadh fuaime seo atá neamhiomlán. Tá tras-scriobh Sheosaimh Uí Dhálaigh ar leagan iomlán den scéal le fáil in §460 | CBÉ, 966: 296-302.

² Cloistear guth an Chriomhthanaigh ag caint le Caoimhín Ó Danachair i dtosach an taifeadta agus “tá sé ullamh, an bhfuil?” mar abairt á rá aige.

“Agus fanacht ann anocht. Agus amáireach, seo leat tú féin agus [mo mhnaoi] imeacht is an capall is an chairt a bhreith libh.”

Do tháinig sé trasna na habhann, agus do chuir sé i leith, éadach an teachtaire air, agus do dh'imigh sé ar an cóngar. Do bhí an teachtaire fén bport, agus níorbh fhada gur bhuail an fuacht é¹.

¹ Tagann deireadh gonta leis an taifeadadh seo.

III. *Dónall Ó Conaill agus an dá bhullán*¹

[?].7.48

CBÉ, CT0319: 6.20 – 8.50

Bhí fear bocht ann fadó, agus do thug sé dhá bhullán ar aonach. Agus do ghabh búistéir chuige. Agus do bhí sé ag ceannach na mbulláin [sic], ceann dos na bulláin uaidh.

“An mór iad fiacha an bhulláin bháin”, arsa é sin, “[ar fad athá ar an] mbullán dearg?”

“An oiread so”, arsa an fear bocht.

Do mharcáil sé iad araon.

“Á, níor dhíolas leat ach ceann acu,” arsa an fear bocht.

“Dhíolais ambaist”, arsa an búistéir.

Thiomáin sé leis iad. Agus do bhí an fear bocht ag lógóireacht, agus do chuaigh an scéala go dtí Dónall Ó Conaill. Do bhí Dónall ag máirseáil gur bhuail an fear bocht leis, agus d'fhiarthaigh sé dho conas mar a bhí. Nis sé dho. Bhí Dónall ag máirseáil, agus dúirt sé le teachtaire éigin dul go dtí tig an bhúistéara, féachaint an raibh éinní marbh aige. Do chuaigh, agus do bhí ceann dos na bulláin marbh aige. Do dh'imigh Dónall, agus slaitín aige, agus bhí a cheann fén mbúistéir, agus é ag baint an chroicinn don mbullán. Agus, d'fhiarthaigh sé dhon mbúistéir, sháigh sé sé leis an slaitín sa cheann é:

“An mór é fiacha an chinn?”

“An oiread san”, arsa an búistéir.

“Cuir chugham”, arsa é sin, “go dtína leithéid seo ’o áit, nuair a bheidh sé ullamh agat”.

Nuair a bhí an ceann ullamh ag an mbúistéir, do chuir sé teachtaire go dtí an áit a bhí Dónall le ceann an bhulláin.

“Cad é sin agat?”, arsa Dónall.

“Á, dúirís le, leis an mbúistéir ceann an bhulláin a chuir chughat nuair a bheadh sé ullamh.”

1 D'fhoilsigh Seán Ó Dubhda insint eile ar an eachtra seo faoin teideal 'An Dá Bhullán' in *Béaloideas*, imleabhar. 11, uimhir 1/2 Meitheamh - Nollaig 1941, leathanaigh 116-125. Tá an bun-tras-scríobh a dhein Ó Dubhda le fáil in CBÉ, 621: 152-156, agus tá leagan a thras-scríobh Seosamh Ó Dalaigh le fáil in §360 | CBÉ, 967: 224-226.

“Ní hé ceann an bhulláin, an bhulláin a mharcálas”, arsa Dónall, “ach a cheann fhéin. Tóg leat é sin”, arsa é sin, “a cheann fhéin a mharcálas-sa.”

Á, bhuail sé leis an slaitín sa cheann é. Ansan, b’fhéidir go raibh sé [...] agus “díoladh sé fear na mbullán”, arsa é sin, “go tapaidh”, arsa é sin, “nó cuirfeadsa greim air.”

Do dhíol¹.

¹ Leanann caint dhoiléir éigin idir Seán Mac Criomhthain agus Seosamh Ó Dálaigh deireadh an eachtra seo.

IV. *Gile Gréine*¹

[?].7.48

CBÉ, CT0319: 9.04–22.14

Do bhí feirmeoir mór fadó ann, agus do bhí beirt mhac aige, agus iníon. Á, dá siúlófá an domhan, ní gheofá aon phictiúr chomh hálainn leis an iníon. Is é an ainm a bhí baistithe uirthi ‘Gile Gréine’. Ach do cailleadh a máthair, agus níorbh fhada gur phós a hathair aríst – bean eile. Agus má dhein, do bhí formad an domhain aici le Gile Gréine. B’fhearr léi go mbeadh a cúram tógtha dhon tsaol. Do bhí a hathair lá ón dtig. Agus do bhí bile pléisiúir amuigh insa ghairdín aige, agus do thugadh sé tamall don lá gach aon lá ann. Do chuaigh sí, agus do ghearraigh sí é sin. Agus nuair a tháinig an feirmeoir abhaile tráthnóna, do dhein sí an gearán, go raibh an bile pléisiúir gearrtha age Gile Gréine. Agus nuair a dh’imigh, bhí an méid sin déanta aici, do thug sí ar Ghile Gréine, agus chuir sí an leabhar uirthi, gan é sin a dh’insint d’éinne go neosfadh sí do leanbh seacht blian gan baisteadh é.

“Dhé, b’annamh leatsa mhuisse do bhotún a dhéanamh,” arsa an t-athair le Gile Gréine.

“Níl leigheas air a athair,” arsa í sin.

Á, d’imigh sé aríst. Is níor dhein sé éinní léi. Agus nuair a bhí sé as baile, do chuaigh sí agus do dhóigh sí an stábla. Agus do chuir sí mar [cheangal] ar Ghile, Gile Gréine gan é sin a dh’insint d’éinne go neosfadh sí dho leanbh seacht bliana gan baisteadh é. Nuair a tháinig sé, an t-athair abhaile tráthnóna, do dhein an leasmhathair an gearán cad a bhí déanta age Gile Gréine.

“Go deimhin a Ghile Gréine,” arsa an t-athair, “b’annamh leat aon... do bhotún a dhéanamh.”

“Níl leigheas air a athair,” arsa í sin.

Níor dhein sé éinní léi, d’imigh sé aríst, agus i gcionn cúpla lá, agus do bhí, chuaigh sí agus do dhein sí [an tine mhaith a leagadh agus a ullmhú], agus chuir sí mar cheangal ar Ghile Gréine gan é sin a dh’insint d’éinne go neosfadh sí dho leanbh seacht blian gan baisteadh é. Tháinig an t-athair

¹ Tá tras-scríobh Sheosaimh Uí Dhálaigh ar leagan eile den scéal le fáil in §471 | CBÉ, 967: 490-500.

tráthnóna, agus do dhein sí an gearán ar Ghile Gréine cad a bhí déanta aici.

“Go deimhin a Ghile Gréine,” arsa é sin, “n’fheadar cad é an taom a dh’imigh ort a leithéid a dhéanamh.”

“N’fheadar a athair,” airsea í sin.

Á, d’imigh sé aríst i gcionn seachtain¹.

“Is ea a Ghile Gréine,” arsa é sin, “thá deireadh na foighne caite agam leat, caithfidh mé tú a chuir bunoscionn leis an dtig.”

Bhuail sé isteach insa chóiste í agus d’ardaigh sé leis í. Agus do thug sé isteach insa choill í, agus do bhain sé a lámh di.

“An tinn leat é sin a Ghile Gréine?” arsa é sin.

“Is tinn, a athair,” arsa í sin, “agus do dhá láimhse á dhéanamh liom.”

“Ní tinne liomsa é,” arsa é sin, “ná mo bhile pléisiúir a ghearraínsa ghaireáin.”

Bhain sé a lámh eile dhi.

“An tinn leat é sin a Ghile Gréine?” arsa é sin.

“Is tinn, a athair,” arsa í sin, “agus do dhá láimhse á dhéanamh liom.”

“Ní tinne liomsa,” arsa é sin, “ná mo stábla agus mo chapall a dhó.”

Do bhain sé a cín aisti.

“An tinn leat é sin a Ghile Gréine?” arsa é sin.

“Is tinn,” arsa í sin, “a athair, agus do dhá láimhse á dhéanamh liom.”

“Ní tinne liomsa,” arsa é sin, “ná mo [mhathal agus mo scioból²] a dhó.”

Is ea, ghaibh a hathair, arsa í sin:

“Cuir in airde ar an gcrann mé sara n-íosfadh na gadhair mé.”

Do dhein, agus nuair a bhí sé ag fágaint:

“A athair,” arsa í sin, “iarraimse ar Dhia agus ar an Mhaighdean Mhuire agus nuair a

¹ Stadann an Criomhthanach ag an bpointe seo, ach deir sé “n’fheadar an gcuimhním cad a dhein sé an ceathrú huair”, agus cloistear tar éis na habairte sin caint dhoiléir idir Seán agus Maighréad a mheabhraíonn dá fear céile cad a dhein athair Ghile Gréine “an ceathrú huair”.

² Ní léir cad atá i gceist ag an gCriomhthanach leis na focail a dhealraíonn sé a bheith ag rá.

raghaidh tú abhaile go dté an dealg droighin id chois, agus nár fhéad aon lámh é a bhaint mura mbainfidh mo láimhse aríst iad, agus an lámh bainte aige.”

Chuaigh sé abhaile, agus ní raibh sé ach age baile nuair a chuaigh an dealg ina chois. Agus do bhí pian agus tinneas air. Ní raibh néal aige á chodladh. Bhí dochtúir aige, is ní fhéad an dochtúir aon lámh a dhéanamh air. Fé mar a bhaineadh an dochtúir é is ea a dh’éiríodh air. Níorbh fhada gur dh’fhás an dealg amach trí dhrom a choise. Agus go raibh crann [ag déanamh do]. Agus dá [...] é, is ea is mó a dh’éirigh air. Bhí pian agus tinneas air. Bhí sí sin sa choill. Ghaibh mac duine uasal chuichi lá, é ag fiach. Agus do chonaic sé in airde insa chrann í. Agus ní túisce a chonaic í ná a thit sé i ngrá léi. Do thóg sé anuas í, agus bhí cábán insa choill, agus do chuir sé isteach ann í.

Agus do chuaigh sé abhaile, agus do thug sé bia chúichi. Agus é seo gach aon lá ag teacht ar a tuairisc, agus ag tabhairt bia chuichi, á, go ceann trí ráithe, agus i gceann trí ráithe, do saolaíodh leanbh di. Ní raibh éinne timpeall uirthi. Bhí an leanbh saolaithe.

“Ná tógfá an leanbh?” arsa an guth.

“Ní fhéadfainn é,” arsa í sin, “mar fadó ghearraigh m’athair mo dhá láimh díom.”

“Tástáil,” arsa an guth.

Do thástáil, agus bhí dhá lámh uirthi comh breá a bhí ar bhean riamh. Thóg sí an leanbh. Is ea, bhí an leanbh ag gol.

“Tabhair an chín don leanbh,” arsa an guth.

“Ní fhéadfainn,” arsa í sin, “bhain m’athair an dá chín asam fadó riamh.”

“Tástáil,” arsa an guth.

Do thástáil, agus do bhí dhá chín uirthi comh breá is a bhí ar bhean riamh. Is ea. Á, ghaibh mac an duine uasail chúichi, agus thug sé leis abhaile go dtína thig féin í ansan í, agus bhí sé chun an leanbh... a bhaisteadh, mar d’iarr sí air:

“Caithfidh mé an leanbh a bhaisteadh, nó [go ndéarfadh sí féin é].”

Thug sé a toil di. Tháinig amáireach, is tháinig amanathar, ní raibh aon chuimhneamh aici an leanbh a bhaisteadh, ó lá go lá nó gur bhuaile an leanbh seacht mblian. Agus i gcionn seacht mbliana:

“Is ea,” arsa í sin, “tá sé in am an leanbh a bhaisteadh. Gabh an capall anois,” arsa í sin.

Ghaibh sé an capall, is an cóiste, agus shuigh beirt acu isteach, ar chóiste, agus do dh’imíodar agus an leanbh acu fé dhéin tig a hathar. Thánadar isteach, agus níor dh’aithin éinne Gile Gréine. Conas a dh’aithneodh, mheasadar go raibh sí ite ages na gadhair. Is ea. Mheasadar go raibh sí ite ages na gadhair. Shuigh sí. Agus shuigh sí in aice lena hathair. Bhí an t-athair caite croite, agus an dealg ag fás in airde go drom an tí.

“Is ea,” arsa í sin, “tá pian agus tinneas ort.”

“Tá a mhuis,” arsa é sin.

“Is ea,” arsa í sin, “do cailleadh mo mháthair,” arsa í sin, “agus do phós m’athair aríst. Do bhí éad mór agem leasmháthair liom. B’fhearr léi go mbeadh mo chúram tógtha don tsaol, ach dúirt sí liom é a dh’insint do leanbh na seacht blian gan baisteadh. Ghearraigh sí bile pléisiúir a bhí age m’athair sa gháirdín. Agus do chuir sí an leabhar ormsa gan é a dh’insint d’éinne go neosfainn do leanbh na seacht blian gan baisteadh é. Ní fhéadas é a dh’insint d’éinne ó shin, mar, ní mór dom é a dh’insint duit anois,” arsa í sin¹. “Is ea. Dúirt m’athair liom b’annamh leat do bhotún a dhéanamh, a Ghile Gréine, arsa m’athair, ní raibh leigheas air a athair, arsa mise. Á, dh’imigh sé ón dtig aríst. D’imigh sé agus do dhóigh sí an stábla, agus an capall a bhí istigh ann². Agus do chuir sí an leabhar ormsa gan é a dh’insint d’éinne go neosfainn do leanbh seacht bliana gan baisteadh é. Agus duitse atáimse á dh’insint a leanbh na seacht blian gan baisteadh,” arsa í sin. “Is ea, tháinig m’athair tráthnóna, agus do dhein sí an gearán, agus ní dúirt m’athair éinní liom, ach dúirt sé liom gurbh annamh liom mo bhotún a dhéanamh. Dúirt sé liom é a dh’insint do leanbh na seacht bliana gan baisteadh, arsa í sin. D’imigh sé aríst”, arsa í sin, “agus i gcionn seachtaine. Agus d’áirigh mo leasmháthair, agus do dhóigh sí tine amach, agus ba mhór an díobháil é sin do m’athair, agus nuair a tháinig sé abhaile tráthnóna, do ghearán mo leasmháthair mé, agus do bhí leabhar curtha aici orm gan é a dh’insint d’éinne go neosfainn do leanbh seacht bliana gan baisteadh é, agus is duitse atáimse á dh’insint

¹ “An bhfuil sé air? An bhfuil sé ag obair arís?” a deir an Criomhthanach ag an pointe seo – ceist á cur ag an gCriomhthanach an bhfuil an t-eideafón ar siúl.

² Stadann an Criomhthanach i lár na habairte seo faoi mar a bheadh sé ag ligean dá bhean abairt éigin ó chomhrá eile a chríochnú, agus “seo leat, seo leat,” a deir sí sin ar ais leis.

anois, a leanbh na seacht bliana gan baisteadh. Is ea. Tháinig sé aríst, lá arna mháireach, agus do chuir sé in airde ar chrann mé, istigh sa choill. Do bhain sé an dá lámh díom. Agus do bhain sé an chín díom. Agus d'imigh sé uaim, ach d'iarras air mé a chur in airde insa chrann sara n-íosfadh na gadhair mé. Nuair a bhí sé ag imeacht uaim,” arsa í sin, “d'iarras ar Dhia agus ar Mhuire dealg a dhul ina chois, agus gan aon lámh a bheith ábaltha ar é a bhaint riamh ach mo dhá lámhse aríst é, agus iad bainte díom an uair sin aige féin. Míle baochas le Dia, táid siad orm aríst”, arsa í sin, a dhul agus [ag leagadh an dealg], thit an dealg, [is do ghaibh sé ag lorg barra bioráin]

Is ea, chuir sé gairm scoile eile amach ansan, cad ba cheart é a dhéanamh leis an leasmháthair. Agus do tháinig cuileachta mhaith chúthu. Is é an rud a cheapadar san di í a stolladh idir dhá chapall fhiaine. Ní haon phíonós é sin di, arsa an, an t-athair. Bhí gairm scoile eile amuigh aige, agus is é an rud a tháinig as san, cruach mhóna a bhí sa gharraí aige, bhí ana-, thá cró mórdtimpeall sa gharraí, caitheadh tarra agus caitheadh geas a dh'fháilt, agus é a chroitheadh uirthi. Agus í a chur ar chathaoir istigh ina lár. Tine a thabhairt don gcró, agus í a cheangal ar an gcathaoir, agus í a dh'fhágaint ansan, agus go raibh sé rómhaith aige ar an méid a bhí déanta aici. [Tháinig sí ansan abhaile, arsa an t-athair, a Ghile Gréine]. Do deineadh é sin, agus cuireadh ar an gcathaoir í. Do scaoileadh fén dtine, bhí sí siúd ag leaghadh, leaghadh, leaghadh go dtí go raibh a leicinnse ar snámh uirthi, is ba é a dóthain do dhiúité é. Sin é mo scéalsa agus má tá bréag ann bíodh. Agus [dréir le hanamacha na marbh].

V. Coinníl phósta idir beirt naíonán¹

[?].7.48

CBÉ, CT0319: 22:30-31.57

Bhí dhá fheirmeoir fadó ann. Bhí duine acu ina chónaí anso thíos ar an Imleach. Bhí duine eile acu i nGallaras. Do saolaíodh mac do fhear an Imligh, oíche. Agus do chuaigh sé ‘on Daingean lá arna mháireach, ag triall ar cóir baistí. Do bhuail feirmeoir Ghallrois leis, agus do labhradar fhéin le chéile.

“Is é an rud a thug anuas mise inniubh,” arsa fear an Imligh, “saolaíodh mac óg aréir dom.”

“An rud céanna a thug anuas mise,” arsa fear Ghallrois, “do saolaíodh iníon óg aréir dom.”

Do chuadar isteach, agus do bhí deoch acu, agus do bhíodar ó dheoch go deoch nó go rabhadar bogaithe i dteannta a chéile. Do thairrigíodar coinníl idir an bheirt leanbh a saolaíodh aréir. Is ea. D’éirigh na leanaí suas, agus níorbh fhada gur bhuail feirmeoir an Imligh breoite, agus do cailleadh é. Agus do cailleadh a bhean. Beirt leanbh a bhí ina ndiaidh. Á, thug feirmeoir Ghallrois leis iad, agus do bhí sé ag tabhairt aire dhóibh, agus bhí an dá fheirm aige, ach nuair a dh’éirigh ceann dos na garsúin suas, ana-scoláire ab ea é, agus d’imigh sé. Chuaigh sé as baile, chuaigh sé ar ardscoil. Bhí an, á, blianta ag imeacht tharstu, do chuaigh sé isteach i gcoláiste nuair a bhí sé san aos, agus do tháinig sé amach ina shagart. Do bhí an driotháir age baile, agus gan aon mheas air. Agus do bhí an feirmeoir eile, bhí sé chun an iníon a phósadh le buachaill eile, agus talamh an gharsúna sin a thabhairt dóibh. Á, do ghluais an sagart, ag teacht fé dhéin an bhaile, go gcífeadh sé an driotháir. Á, nuair a bhí an tráthnóna, is seo ag teacht, do bhuail bacach leis. San Inid ab ea é.

“Mór an obair,” arsa é sin leis an mbacach, “ná fuileann tú ar phósadh éigint, nó an bhfuil aon phóstaíocha timpeall?”

“Tá pósadh anocht ann,” arsa é sin.

Istoíche a póstaí an uair sin iad. Istigh sa tig.

¹ ‘Geallúint phósta’ an teideal a thugtar ar an eachtra seo mar mhír i gcatalóg an choimisiúin. Cloítear anseo leis an teideal a baisteadh ar an leagan den eachtra a thras-scríobh Sheosamh Ó Dálaigh in §252 | CBÉ, 967: 15-21. Tagann críoch ana-obann leis an taifeadh seo.

“Thá pósadh anocht ann,” arsa é sin, agus “is é sin an pósadh éagórach.”

“Conas?” arsa an sagart.

“Ní mhór ná go dteasánfainn duit,” arsa é sin, “an dá thig. Do saolaíodh mac óg, tá feirmeoirí ar an Imleach [...],” arsa é sin.

Agus do chuaigh sé ‘on Daingean lá arna mháireach. Do bhuail feirmeoir i nGallaras leis. Do chaintíodar fhéin le chéile.

“Is é an rud a thug mise aniar inniubh,” airsea feirmeoir an Imligh, “saolaíodh mac óg aréir dom.”

“An rud céanna a thug anuas mise,” arsa an, feirmeoir Ghallrois, “do saolaíodh iníon óg aréir dom.”

Do chuadar isteach, agus do bhí deoch acu, agus bhíodar ó dheoch go deoch go rabhadar bog. Is é an rud a tháinig as an ndeoch sa deireadh gur thairrigíodar coinníll ar an mbeirt leanbh a saolaíodh aréir, ó arbhú aréir. Is ea. Bhí, bhíodar ag breacadh leo ansan, is iad ag maireachtaint. Beirt mhac a bhí age feirmeoir an Imligh, agus do bhuail sé breoite, agus do cailleadh é. Do cailleadh a bhean. Thug fear Ghallrois leis an bheirt leanbh, agus thug sé aire dhóibh¹. Ach nuair a dh’éiríodar suas, ana-scoláire ab ea an tarna mac, agus d’imigh sé dho fhéin, agus do chuaigh sé ar ardscoil. Agus bhí sé ag foghlaim go dian nó go dtí go dtáinig sé amach ina shagart, chuaigh sé ‘on choláiste, agus do tháinig sé amach ina shagart, agus níorbh fhada gur gcuaigh sé ansan, ag teacht fé dhéine a dhriothár, go gcífeadh sé é. Agus... cad é ansan? Dhera...

“Ach tá an éagóir déanta,” arsa an bacach, “tá fear aige á thabhairt isteach chun í sin, agus é ag tabhairt a inín di ós a dhá, ós a hathair ansúd”.

“Trom dom an chasóg athá ort,” arsa an sagart ansan leis an mbacach.

“Á a athair,” arsa é sin, “do shaileodh sé tú.”

“Ní dhéanfaidh,” arsa é sin.

Thug sé síntiús airgid do.

¹ Tá an abairt seo le clos dhá uair ar an taifeadadh fuaime de bharr is dóchúla gur tháinig deireadh leis an eideafón ag an bpointe seo, agus gur cuireadh tús le ceann eile.

“Thá an tig ansan thíos,” arsa é sin, “is féadfair dul chun cónaithe ann go dtí an maidean, geobhair lóistín ann, agus chífidh mé amáireach tú, á, díolfaidh mé go maith thú, is tabhair do chasóg.”

Do chuir sé air an chas... an tseana-chasóg mhór a bhí ar an mbacach, agus do ghluais sé, agus maide an bhacaigh aige. Do bhí timpeall an tí, an Imligh, scata bacach bailithe, agus iad ag déanamh fé dhéine dul isteach. Thosnaigh sé air [amuigh], bhí sé á gcaitheamh thairis, agus ag gabháilt don maide orthu. Tháinig teachtaire isteach:

“Tá an bacach ag teacht,” arsa an teachtaire.

Agus ní fhaca sé aon b[h]acach timpeall an tí gan tiomáint chun siúil. Tháinig sé isteach, agus cuireadh míle fáilthe roimis. Tugadh deoch chuige, agus níor labhair sé puinn do, dúirt sé é a thógaint socair. Ach, i gcionn tamaill, d’fhiarthaigh sé cad é an t-am a thiocfadh an sagart. Niseadh do.

“An mbíonn éinne chun, chleas anso?” arsa é sin.

“Ní bhíonn,” arsa iad san.

“Pé an áit a bhfágas,” arsa é sin, “bhíodh cleas acu, phós, phósaidís dhá, beirt le chéile.

Mac duine bocht agus iníon feirmeora.”

Phósaidís iníon fé dhuine bocht agus mac feirmeoir. Sin é a mharaídíst.

“Tagadh beirt éigin anso chughmsa,” arsa é sin, “agus déanfaidh mé é. Bhíodh mo leithéidse á bpósadh, is cuileachta an domhain acu.”

Níorbh fhada gur dh’éirigh cailín, is thug sí ar bhóthar. Chuadar. Dúirt sé ábhar éigin leo. Bhí sé mar sin nó go dtí gur, chuimhnigh sé go raibh an t-am ag déanamh air. Bhí an driotháir sa chúinne, is gan aon mheas air, agus é ag gabháilt tríd.

“Cad é an saghas ’madáinín é sin sa chúinne?”

“Madáinín é sin,” arsa iad san, “a d’eascair idir é féin agus an cailín óg”

“Dhé mhuisse, cail an cailín óg?” arsa é sin.

“Tá sí sa tseomra,” arsa é sin.

Ghlaoigh sé uirthi.

“An bhféadfá aon phiocadh suas a dhéanamh air sin a chailín?” arsa é sin leis an gcailín.

Rug sí air, agus do thug sí léithi é. Agus do chua, chuadar ar a nglúine. Do cheangail sé iad agus ní ar dtuathal é.

“Is ea,” arsa é sin, “is dócha nách fada ón am é.”

D’éirigh sé is d’imigh sé, chuaigh ag guailleáil, sin uile. Níorbh fhada go dtáinig an sagart.

“Is ea,” arsa an tsagart, “táim ábhar déanach. Cail an lánú?”

Chaith sé dho an chasóg, agus d’éirigh sé amach, agus do labhair sé as Laidin leis an sagart, agus d’eachtraigh sé dho, ó thús go dtí deireadh, conas mar a bhí, agus d’éist an sagart leis go maith. D’iompaign an sagart ar an bhfeirmeoir, [gan a leithéid seo a d’éisteacht], arsa é sin, leis an bhfeirmeoir. Stad an feirmeoir.

“Ná bí ag stad in aon chor,” arsa é sin, “ach nis an fhírinne dhomhsa.”

Chaith sé an fhírinne a dh’insint do.

“Is ea,” arsa é sin, “tá t’iníon pósta anois,” arsa é sin.

VI. *Bithiúnach i gcló cailín á mharú ag madra*¹

[?].7.48

CBÉ, CT0320: 0.08 – 4.55²

Bhí máistir scoile fadó ann, agus do bhí sé pósta. Aon leanbh amháin a bhí aige. Agus do bhí comharsa dho caillthe. Do bhí a chailín imithe uaidh an lá san. Agus, tráthnóna, bhí ana-bhrón air, cailín a bheith imithe, ná beadh aon chuileachta agena mhnaoi dá raghadh sé go tig an choirp. Á, do ghabh cailín isteach, tráthnóna déanach, [solas lae] is oíche. Sheasaimh sí ag an ndoras.

“Druid aníos a chailín,” arsa é sin.

“Ní chun suí a thána,” arsa í sin, “ach chuala go dteastaigh cailín aimsire bhuit.”

“Is tu athá bhuam,” arsa é sin, “suigh aníos, agus beimid ag déanamh margaidh amáireach.”

Do shuigh.

“Is fearr liom ná rud maith,” arsa é sin, “tú a ghabháilt chugham anocht, go raghad go tig an choirp, go mbeifeá mar chleachtadh agem mhnaoi³.”

“Á, ní bheidh aon uaigneas uirthi,” arsa í sin.

Shuigh sí aníos, agus d’imigh sé fé dhéin tig an choirp. Do bhuail bean an tí síos an citeal, agus do dhein sí té, agus bhí sé ag fáilt gach éinní ullamh. Do chonaic sí thíos féna gúna, ar ghúna an chailín, barra an chlaímh.

“Thá go maith,” arsa í sin.

Á, bhí an suipéar curtha ar an mbord aici. Do chuaigh sí ’on tseomra, agus do dhún sí an doras.

“Cad ’tá ansan ort?” arsa an cailín.

“Nílim chun dul chughat in aon chor,” arsa í sin.

“Brisfidh mé an doras⁴,” arsa é sin, “mara dtiocfair”.

Bhí sé ag caint... bhí sí cainteach.

¹ ‘Bithiúnach i mbréagríocht mná’ atá air seo mar theideal sa chatalóg. Tá leagan den eachtra seo tras-scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh agus é le fáil in §461 | CBÉ, 966: 556-559 mar a dtugtar ‘Bithiúnach i gcló cailín á mharú ag madra’ mar theideal air.

² Tagann deireadh gonta leis an taifeadadh fuaime seo.

³ ‘mraoi’ le clos, .i., díshamhlú agus an ‘n’ a rá mar ‘r’.

⁴ Cloistear doras ar an taifeadadh fuaime cúpla soicind tréis don gCrimhthanach an abairt seo a rá.

“Dóifidh mé do leanbh,” arsa í sin, “mara dtiocfair.”

Do rug sí ar an leanbh, bhí an leanbh ag screadaigh. Is ea. Níorbh fhada gur thit sí i laige nuair a chuala sí an leanbh. Mheas sí go raibh an leanbh dóite. Thit sí i laige, agus n’fheadair sí aon ní as san amach. D’éirigh an madra a bhí istigh, agus do rug sé ar an gcailín, agus do mhairbh sé í, agus, do bhí sé a d’iarraidh gabháilt amach ansan, agus do chuaigh sé go dtí doras an tseomra. Ní fhéadfadh sí corraí. Do bhris sé an fhuinneog, agus d’imigh sé amach, agus do chuaigh sé go tig an choirp, agus, do dhein sé suas, bhí a mháistir suite thuas ar chathaoir ag an dtine. Dhein sé suas ar a mháistir, agus do mharaigh sé an máistir, a bhailiú uaidh síos, agus fuair sé rith fuil air.

“Tá an diabhal déanta,” arsa an máistir.

D’éirigh sé. D’éirigh a raibh istigh.

“[Fanaídh anso anois],” arsa an máistir, “ach triúr nó ceathrar.”

D’imigh sé fhéin agus triúr nó ceathrar. Do thánadar fé dhéin an tí, do labhair sé amuigh, agus ní raibh aon tor le fáilt aige. Do bhris sé isteach tríd an bhfuinneog, agus do bhí an cailín marbh ar an dtinteán. Do bhí an leanbh sa chliabhán ina chodladh. Á, labhair sé:

“An maireann tú,” arsa é sin lena bhean, “mairim,” arsa í sin, “ach tá an leanbh marbh. “Is cuma cad a dheineann an leanbh,” arsa é sin.

Ach, d’éirigh sí, agus d’oscail sí doras an tseomra. Agus do las sé an solas. Bhí an leanbh sa chliabhán, curtha isteach ag an ngadhar, an cailín marbh. Thiomáin sé beirt dos na buachaillí ag triall ar na pílears. Do tháinig na pílears, agus do chuardaigh na pílears an cailín. Ba fear, fear ab ea í. Fear. Fuaireadar, fuaireadar fliúit ina póca.

“Níl sí, níl sé seo chun cur as,” arsa an...

VII. An siúinéir a bhíodh ag ól¹

[?].7.48

CBÉ, CT0320: 5.07 – 11.08

Do bhí siúinéir fadó ann, agus fé mar a thuilleadh sé, d'óladh sé. Bhí lán tí do leanaí aige, agus iad go fuar nochtaithe. Á, bhí aon lá amháin, ní raibh greim le n-ithe age baile ina dhiaidh. Do bhí sé i dtig an óil, tráthnóna Domhnaigh ab ea é sin, do thiomáin a bhean duine dhos na leanaí fé dhéin tig an óil fhéach conas a bhí ag an athair. Bhí cuileachta mhaith istigh, á, thugadh sé deoch dóibh ar fad. Bhí duine éigint istigh do thug pingin don leanbh. Cheannaigh an leanbh luach pingine aráin, agus d'imigh sé suas go dtí an dtine. Bhí an corcán feola in imeall na tine, bhí *steam* ag teacht aníos as an gcorcán. Do bhí an garsún ag ithe an bhuillín, agus gá aige leis. Ach do chuireadh sé blúire dhon mbuillín as chionn an *steamer*, agus do bhí blas breá ag an *steam* á chur ar an ngreim aráin. Do ghluais an *publican* aníos, agus do thairrig sé le clabhta baise ar an ngarsún.

“Thá mo chuid feola salach agat,” arsa é sin.

Do chonaic an t-athair é, agus do ghaibh sé trína chroí. Mar do bhí a fhios aige gurb é fhéin a bhí ag tabhairt cabhair mhaith dho chun rud a chuir insa chorcán. D'imigh an garsún bocht is é ag gol. Do bhí an t-athair ag treabhadh leis. Á, ghabh sé amach an doras droma, níor mhaith leis teacht amach ar an sráid. Mar níorbh é a theastaigh uaidh [é a dhéanamh, a] dh'adódh ar a chuid ocrais. Agus do chuaigh sé amach i ngort a bhí ar an dtaobh amuigh dhon dtig. Chaith sé síneadh. Bhí an tráthnóna go haoibhinn. An ghrian ag buíú. Níorbh fhada gur ghluais francach amach as an bhfalla. Agus do chuir sé rud uaidh tamall uaidh, agus do chuaigh aríst, agus do tháinig aríst, agus do thug rud eile leis. Bhí sé ag tarrac go dtug sé fiche ceann leis. D'iompaigh sé i gcionn tamaill iad, bhí sé ag féachaint orthu, agus do shuigh ag féachaint orthu aríst. Bhí meabhair ag teacht don nduine, don siúinéir, agus nuair a bhí an áirithe sin caite aige, do rug sé ar cheann acu, agus do chuaigh isteach 'on chlaí leis. D'éirigh an siúinéir, agus do chuaigh sé, agus do bhailimh sé chuige na *sovereigns* ar fad a bhí ann, bhí fiche *sovereign* ann. Ghluais an francach agus gach aon scread aige. Chuir sé ina

¹ Tá tras-scríobh Sheosamh Uí Dhálaigh den eachtra seo in eagar in §482 | CBÉ, 966: 412-415, agus ‘An siúinéir a bhí ag ól’ mar theideal air.

phóca na *sovereigns*. Tháinig breis dá raibh dóibh, agus breis dá choisíocht. Agus do tháinig sé isteach aríst.

“Cad a thug aríst tú?” arsa an *publican*.

Arsa é sin:

“Ba mhaith liom braon eile a dh’ól.”

“Tá do dhóthain óltha agat,” arsa é sin.

Bhí a fhios aige go raibh a phócaí folamh. Do chuaigh sé amach ar an sráid ansin. Agus do bhuaill cuiréaraí leis a bhíodh ag tuilleamh lena chapall.

“Cogar,” arsa é sin, “an mbéarfá ábhar abhaile dhom?”

“Déanfad,” arsa an cuiréaraí.

Chuaigh sé isteach i siopa go raibh plúr á dhíol, agus do cheannaigh sé plúr. Do cheannaigh sé té agus siúicre. Do chuir sé isteach ’on chairt é. Do chuaigh sé go tig an bhúistéara, agus do chuir sé ábhar feola isteach ann. Do dhíol sé amach astu. Agus do dhíol sé an cuiréaraí an uair sin.

“Beir go dtím thig iad san,” arsa é sin.

D’imigh an cuiréaraí. Nuair a bhí an chairt ag teacht fé dhéin a thí, bhí uafás, uafás ar a bhean canathaobh go raibh an chairt ag teacht. D’fholmhaigh an cuiréaraí amach gach aon ní dá raibh sa chairt:

“Cá bhfuairis iad san?” arsa í sin.

“T’fhear a thug dom iad,” arsa é sin.

“Ab amhla a ghoid sé iad?” arsa bean an tsiúinéara.

“Ní hea go deimhin,” arsa an cuiréaraí, “do dhíol sé astu, as mo chomhair amach, agus do dhíol sé mise leis.”

Bhí uafás uirthi cá bhfuair sé an t-airgead. Tháinig sé abhaile, bhí flúirse bídh age baile roimis, chuaigh sé ag obair ar maidin lá arna mháireach, agus d’oibrigh sé i rith na seachtaine, agus Dé Sathairn a bhí chughainn, ní chuaigh sé go tig an óil, ná Dé Domhnaigh. Agus an tseachtain ina dhiaidh, d’oibrigh sé, is níor chuaigh sé go tig an óil. Á, i gcionn coicís, do ghaibh sé isteach go dtí

an *bpublican*¹. Chuir sé fáilte roimis, agus do líon sé amach gloine chuige.

“Cuir isteach é,” arsa an feirmeoir, arsa é sin leis an bhfeirmeoir.

“Á, ná bí im chur chun costais,” arsa an feirmeoir, “ní bheidh sí, ach istigh nuair a loirgeoir í. Ní bheidh éinne a bhaineas leat [anso],” arsa é sin, “nuair a bhlaifeadsa aríst é.”

Do chaith sé í a chur isteach. Níor bhlaiss sé aon bhraon an chuid eile dhá shaol. Ba é an clabhta tairbheach do é, an, clabhta a fuair an leanbh.

¹ Níl an t-eireaball seo ar an scéal le fáil sa leagan a thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh.

VIII. Gearaltach Bhaile na hAbha agus gaiscíoch Thrá Lí¹

[?].7.48

CBÉ, CT0320: 11.10 – 15.12

Bhí gaiscíoch mór, gaiscíoch mór ar an dtaobh thoir do Thrá Lí fadó. Agus do... n’fheadar sé cá bhfaigheadh sé a dhóthain d’fhear. Ach do chuala sé go raibh Gearaltach i mBaile na hAbha, agus gurbh ana-ghaiscíoch é. Do ghluais sé, agus bhí sé ag cuir tuairisc. Tháinig sé i leith, ghaibh sé trí thráigh, [tríd an Leitriúch], do bhuail garsún leis.

“A gharsún,” arsa é sin, “an fada uam aon tsiopa?”

“Tá sé i gClochán,” arsa an garsún.

“An bhfaighfidh mé puinn aráin ar phingin ann,” arsa é sin.

“Geobhaidh tú oiread lé héinne,” arsa an garsún.

“A bhlaigeaird,” arsa é sin, “tairrig amach an pátrún ansan dom ar an ngaineamh.”

Do thairrig an garsún amach a phátrún.

“Méad,” a deir sé sin.

Do mhéadaigh an garsún é.

“Á, méadaigh a thuilleadh é.”

“Cuir díot,” arsa an garsún, “Jesus, cad a dhéanfam nó go ragham ’on tsiopa, gan mise a bheith á mhéadú anso dhuit. Ní fhéadfainnse a thuilleadh a chuir ann. An bhfuil sé mór a dhóthain?” arsa an garsún.

D’imigh sé. Do chuaigh sé ‘on tsiopa. Agus an bollán buillín a bhí facha ón ngarsún aige ná fuair sé é sa tsiopa. Chaith sé gabháilt leis. Chuir sé tuairisc ansan, cá ngeobhadh sé chun Baile na hAbha. Do stiúraíodh é, á, suas chuinn Cnoc Breánainn, agus go raibh Baile na hAbha ar an dtaobh eile dho i mbun an chnoic. D’imigh sé air, agus bhí sé ag gabháilt anuas chun Bhaile na hAbha. Bhí fear ina choinne, agus beithígh aige. Do labhair sé leis.

¹ Thras-scríobh Seosamh Ó Dálaigh an t-eachtra seo agus é le fáil in §70 | CBÉ, 966: 408-411 faoin teideal ‘Gearaltach Bhaile na hAbha agus Gaiscíoch Thrá Lí’.

“An fada uaim Baile na hAbha?” arsa é sin.

“Sin é an baile sin ansan,” arsa é sin, “Baile na hAbha.”

“Cogar”, arsa é sin, “chuala go raibh a leithéid seo do ghaiscíoch ann.”

“Dhera mhuisse, tá,” arsa an té a bhí i ndeabhaidh na mbeithíoch, “agus is é an gaiscíoch tinn domhsa é. Níor ghá dhom a bheith i ndiaidh na mbeithíoch so mara mbeadh é. ‘Cheart a cheann a chur do ar chlaíomh nuair athá siad marbh aige.’”

“Ní fada go dtógfadsa a chúram ansan dhon tsaol,” arsa é sin.

“Agus b’fhéidir le Dia san,” arsa fear na mbeithíoch.

An Gearalthach a bhí ann.

“Socródsa leis sin,” arsa é sin.

“Cogar, saran raghair chun cinn anois,” arsa é sin, “bainfimid beirt againn babhta as a chéile, mar dá ngeobhfá an lá air sin,” arsa é sin, “dá ngeobhfainnse an lá ort, ní sheasóimís¹ in aon chor leis.”

Do rugadar ar a chéile. Do leag sé é. Leag an Gearalthach é.

“B’fhéidir,” arsa é sin leis an ngaiscíoch, “ná raibh do ghreim agat.”

“Ní raibh,” arsa an gaiscíoch.

Rugadar ar a chéile arís, agus bhí sé ag féachaint, agus a ghreim aige ar an ngaiscíoch, go leagfadh sé ar spóra cloiche é. Leag sé ar chnámh a dhroma anuas ar an spóra cloiche é, agus an bhéic a leig an gaiscíoch, chualathars míle ó bhaile é.

“Tháim,” arsa é sin, “beirfidh mé baochas le Dia tú a bhualadh liom,” arsa é sin, “má bhí sé sin rómhaith d’fhear duitse, shocródh sé ar fad liomsa.”

“Bhí sé romhaith dhomsa,” arsa an Gearalthach, “agus dá raghfá chun cinn, mharódh sé thú.”

“Slán agat, slán agat,” arsa é sin, ag bailiú leis an cnoc suas arís ag dul abhaile. Bhí a dhóthain fachta aige.

¹ ‘sheasóimís’, gan dabht, atá le clos, ach ‘sheasófá’ a bhí i gceist aige.

IX. Rí na mBréag¹

[?].7.48

CBÉ, CT0320: 15.14–22.00

Bhí rí fadó ann, agus do bhí iníon aige. Agus ní raibh an iníon le fáilt ag aon duine, ach² ag an duine go dtabharfadh an rí an t-éitheach do. Á, bhí baintreach san áit. Thug mórán chúichi. Ach do chuaigh dóibh. An té ná deineadh an talamh ar an rí, do bhainfeadh an rí an ceann do. Agus do bhí timpeall an *gharden* lasmuigh, spící iarainn ina seasamh, agus ceann duine amuigh in airde orthu. Bhí cuid mhaith acu ann. Bhí baintreach san áit. Aon mhac amháin a bhí aici.

“A mháthair,” arsa é sin, “táim chun tabhairt fén rí.”

“I gcuntais Dé,” arsa an mháthair, “ná dein, mar beidh an ceann díot.”

“Triallfaidh mé é,” arsa é sin.

D’imigh sé in ainneoin a mháthar, agus do tháinig sé go tig an rí. Agus, do nis sé dho cad a thug é. Chuir an rí fáilthe roimis, ach é ag gabháilt isteach, do chonaic sé ceann duine ar gach aon spíce, ach ar aon spíce amháin.

“Is dócha,” arsa é sin, “gur mar sin a bheidh mo cheannsa.”

“Is ea, a leithéid seo a thug mé,” arsa an... mac na baintrí.

Do fuair sé bia, agus do dh’ith sé é, is bhuaileadar amach. Do thug an rí é ag féachaint ar garraí gabáiste a bhí aige, is ba bhreá a bheith ag féachaint air.

“An bhfeacaís a leithéid sin do gharraí gabáiste riamh?” arsa an rí.

“Tá sé go maith,” arsa é sin, “ach do chonacsa garraí nár dhealraitheach leis agem mháthair³.”

¹ ‘An rí agus fear na mbréag’ a thugtar mar theideal ar an taifeadadh fuaime sa chartlann. Tá leagan den scéal seo bailithe ag Seosamh Ó Dálaigh, agus a thras-scríobh siúd le fáil in §476 | CBÉ, 966: 425–42 faoin teideal ‘An té a bhréagnódh an rí’.

² Is ríchósúil ón taifeadadh fuaime gur ‘nach’ a deir an seanchaí. Tá an úsáid a bhaintear i nGaeltacht Phort Láirge as ‘nach’ thar ceann an chónaisc ‘ach’ áirithe ag Ó hAirt: “**nach** cón. *Ach. (a) ~ más ea héineach, go deimhin féin... (b) ~ amháin, mar shampla*”, (Ó hAirt, 1988): Is é an tuairim a bhí ag Risteard De Hindeberg ná gur go hócáideach a bhí ‘nach’ mar fhoirm le fáil i bPort Láirge ag deireadh an naoú aois déag: “nach represents ach = acht occasionally. It is doubtless taken from some familiar phrase where it followed a nasal anlaut, such as ní bhídheann ach. ní bheirim sa chuaire liom nach a chircín bheag suarach,” (Henebry, 1898: 69). Go deimhin, is “go hócáideach” a bhí an fhoirm seo le fáil in Iarthar Duibhneach – is é seo an t-aon sampla amháin dá leithéid atá le fáil i gCorpas an Chríomhthanaigh.

³ ‘bmáthair’ tríd síos le clos

Bhí an garraí gabáiste agem mháthair, agus níl aon tsamhradh ná go raghadh míle pearsa dho dhaoine uaisle timpeall ag válcaireacht, agus do bhíodh dinnéar acu lasmuigh 'o ár dtig. Agus bileog don ngabáiste a bhí mar, a bhíodh acu mar éadach cláir.

“Ba bhreá an bileog [sic] é” arsa an rí, “age míle.”

Agus do theasáin sé cruach mhóna dho.

“Cad mar gheall ar an gcruach mhóna san?” arsa an rí.

“Cruach mhaith is ea é,” arsa é sin, “ach níl aon dul aige ar cruach a bhí age mo mháthair. Chaithfeá dul leathmhíle in airde chun dul go dtína barra.”

“Cruach mhaith ab ea í,” arsa an rí.

Do dh'imíodar. Chuadar go dtí crann úll a bhí ann.

“An bhfeacaís a leithéid sin do chrann úll riamh?” arsa an, an rí.

“Do chonac,” arsa é sin.

“Bhí crann age mo mháthair,” arsa é sin, “agus do bhíos lá tréis mo chuid bídh a chaitheamh, do chuas in airde air, bhíos ag cur díom in airde, ó shlapar go slapar. Bhíos ag imeacht liom go gcuas isteach 'on spéir uachtaraigh. Bhí seana-bhean agus seandúine ansan istigh, ag sníomh agus ag cárdáil bunaigh le seacht bliana roimis sin. Is ea, do shuíos ina dteannta, is ní rabhadar riamh agam go ceann trí lá¹. An tríú lá, do chuireas chun teacht abhaile, agus do bhí an crann bainte agem mháthair. Do screadas. Cad atá ort? arsa iad soin. Ní fhéadfaidh mé dul abhaile go deo anois, arsa mise. Thá an crann bainte agem mháthair. Suigh anso, arsa iad soin, agus an méid bunaigh athá snoíte againne le seacht mbliana, déanfaimid téadán do, agus b'fhéidir go mbéarfadh sé go dtí an domhan tú. Do dheineadar téadán do, agus, do chasadar timpeall orm é, agus do scaoileadar anuas mé, agus do bhíos leathmhíle ón dtalamh nuair a bhí an téadán ídithe: An fada uait? arsa an seandúine. Táim, táim tamall maith fós uaidh, arsa mise. Tarrigeoimid aníos aríst tú, arsa é sin, agus cárdálfaimid agus snoífimid a thuilleadh. Ná deinídh, arsa mise. Do chuireas mo lámh im

¹ Tagann deireadh leis an bhfiteán ag an bpointe seo.

phóca, agus do tharrigíós mo scian amach, agus do chaitheas an ceann díom fhéin. Ní raibh ach an ceann ar an dtalamh nuair a ghaibh mada rua an tslí, phiocas na súile amach as an gceann, agus do chuireas thiar ar mo thóin iad, arsa é sin. Do scaoileas an ceann ar an dtalamh, agus do ghearras an téadán, agus [scaoileas-sa leis mise]. D'imíós, i ndiaidh an mhada ruaidh, is é an áit a chuaigh an mada rua isteach i ngort cuirneachta a bhí agem mháthair go raibh naonúr fear ag baint cuirneachta ann le corráin. Do rugas ar an gcorrán ó dhuine acu,” arsa é sin, “agus níorbh fhada an mhoill orm an gort a bhaint. Do léim an mada rua nuair a bhí an deireadh bainte, do chuir sé an claí dho, chaitheas an corrán ina dhiaidh, chuaigh an corrán greamaithe ann, agus do dhein sé a chac ar an dtaobh eile 'o chlaí, agus do chonac páipéar ann, agus an claí, agus do, scaoil sé bhuaidh mo cheann. Do shocraíos an ceann orm fhéin, arsa é sin. Is nuair a rugas ar an bpáipéar, á, is é an rud a bhí sa pháipéar, go rabhais-se mar aoire bolóig m'athar.”

“Thá an t-éitheach agat,” arsa an rí.

“Á, thá t'iníon agam,” arsa é sin leis.

B'éigean do a iníon a thabhairt do. Thug sé an t-éitheach do. Fuair sé a iníon le pósadh. Ní bhainfeadh [éinní an iníon do an uair sin].

X. *An cleamhnas briste*¹

[?].7.48

CBÉ, CT0320: 22.04–26.40

Bhí feirmeoir ann fadó, agus do bhí iníon aige. Agus do bhí buachaill bocht san áit, agus do bhíodh sé go hana-mhinic i dtig an fheirmeora, ag déanamh cuileachtan. Mheas gach éinne gur timpeall ar an iníon a bhíodh sé ag teacht. Níorbh ea, ní raibh aon chuimhneamh aige uirthi. Ach, bhíodar mar sin ar feadh a lán aimsire, ach sa deireadh thiar, do dhein an feirmeoir, chuir sé cleamhnas ar bun dá iníon, le mac feirmeora. Bhí a mháthair sa tig, agus b’shin í go raibh buannacht sa tig ar fad aici. Bhí ana-dhúil i dtobac aici. I gceann dhá mhí, bhí an oíche a bhí an cleamhnas le déanamh. Do chuir an feirmeoir a iníon ’on baile mhór, ag triall ar c[h]óir chun pósta, chun cleamhnas a dhéanamh. Á, cé a bhuailfeadh leis an iníon sa bhaile mhór ná an réic a bhíodh ag teacht chúthu.

“Is ea,” arsa í sin, “a leithéid seo. Tá m’athair críonna chun cleamhnas a dhéanamh domhsa, agus ní héinne, éinne a bhíos ag cuimhneamh, ach ortsa.”

“Á, ní haon *mhatch* duit mise,” arsa an buachaill, “buachaill bocht is ea mise.”

“B’fhearr liomsa tusa ná éinne mhuisse,” arsa í sin, “agus age mo mháthair chríonna athá ag [fiarthú] gach aon ní²”.

Agus á, nuair, do, do thug sí ábhar airgid do.

“Ceannaigh tobac anois, líon do phócaí do thobac, agus bíodh sé ina bhlúiríocha beaga agat,” arsa í sin. “Ní bhéarfadsa aon tobac go dtím mháthair chríonna, agus beidh buile agus aonach uirthi mar ná beidh aon tobac agam chúichi. Nuair a, nuair a [...] leis an [b]píosa amuigh agat, tair isteach, agus is féidir leat an blúire tobac a thabhairt di. Agus, b’fhéidir go gcuirfí bunoscionn an cleamhnas athá lé déanamh.”

Dhein sé rud uirthi, do cheannaigh sé an tobac, agus do tháinig sé fé dhéin an tí an oíche sin. Agus nuair a tháinig sí isteach:

¹ ‘An buachaill bocht a fuair cailín lé pósadh, tobac do na mháthair chríonna’ a thugtar mar theideal ar an leagan den scéal seo atá bailithe ag Seosamh Ó Dálaigh, agus a thras-scríobh siúd le fáil in §485 | CBÉ, 967: 25-28.

² Cloistear ceol na bpíobai uileann ón raidió ag an bpointe seo sa taifeadadh fuaime.

“Thá agat,” arsa í sin, “rófhada go bhfuil mo chuid tobac uam.”

“Ó, a mháthair chríonna,” arsa í sin, “dhearúdas,” arsa í sin, “níor chuimhnigh.”

“Dhera, dearúd an diabhair ort,” arsa an mháthair chríonna, “táim as mo mheabhair gan aon ghal.”

Bhí tiomáint agus astúchán aici mar ná raibh aon tobac lé fáilt aici. Níorbh fhada gur bhuail an réic isteach. ‘Mathair chríonna’ a ghlaodh gach éinne uirthi.

“Is ea, a mháthair chríonna,” arsa é sin, “b’annamh leat aon fhearg a bheith ort.”

“Thá cúrsaí feirge agam,” arsa í sin.

“Cad é féin?” arsa an buachaill.

“An diabhal *bitch* is ea í a tháinig abhaile gan aon bhlúire tobac chugham.”

“Á, a mháthair chríonna, ná tóg é sin uirthi.”

Á, bhí, bhí píp dearg ina bhéal.

“Thabharfainn an phíp duit, a mháthair chríonna,” arsa é sin, “ach b’fhéidir go mb’fhearr leat gal as do phíp féin”.

“Dob fhearr,” arsa í sin, “ach nuair ná fuil éinní agam le cur sa phíp.”

Do chuir sé a lámh ina phóca, agus shín sé lán a dhoirn do bhlúiríocha tobac chúithi. Chaith sé isteach ina haprún chúithi é.

“Is ea a mháthair chríonna,” arsa é sin, “bíonn blúiríocha beaga agamsa, tóg.”

“Mhuise, mo ghrá thú agus mo thaisce,” arsa í sin, “a fhir an bhruscair fairsing, agus ná rabhair choíche dealbh agus ní bheir, ná faid is a mhairfeadsa.”

Is ea, riar sé é sin.

“A Mháire,” arsa í sin, “an bhfuileann tú sásta leis seo fé mar fhear?”

“Táim a mháthair chríonna,” arsa í sin.

“Cuirse an doras díot,” arsa í sin.

Dh’iarr sí roimis sin air an phíp a dheargadh.

“Ní dh’ólaim in aon chor,” arsa é sin.

“Cuir an doras díot,” arsa í sin, “go tapaidh. A Shéamuis,” arsa í sin léna mac, “tabhair aníos an trunc chugham.”

Do thug. D’oscail sí an trunc. Chuaigh sí ag comhaireamh airgid amach.

“Á, sáiseodsa tusa,” arsa í sin, “le hairgead.”

Do pósadh an buachaill bocht agus an cailín.

XI. *Cúig phunt don tsagart*¹

[?].7.48

CBÉ, CT0320: 26.45 - 30.11

Bhí feirmeoir fadó timpeall an Daingin, agus do bhí iníon aige. Do bhí *jobbéir* ag teacht 'on Daingean, agus do thógadh sé lóistín i dtig an fheirmeora. Á, bhí sé mar sin ó bhliain go bliain, bhí cailín óg ag an bhfeirmeoir, agus mheas gach éinne gur timpeall ar an gcailín óg a stadadh an *jobbéir*. Níorbh ea, ná aon chuimhneamh aige air, ach do bhí cleamhnas déanta ag an bhfeirmeoir dá iníon, agu bhí an *jobbéir* ag teacht 'on Daingean, agus do ghabh sé isteach go tig an fheirmeora.

“Nár mhór an trua,” arsa an feirmeoir, “ná féadfá a bheith againn anocht. Beidh sí seo le pósadh anocht.”

“An mbeidh?” arsa é sin.

“Beidh,” arsa an feirmeoir.

“Bhuel,” arsa é sin, “déanfaidh mé dícheall. Ní cheannóidh mé aon ní inniubh d’fhonn a bheith ar an bpósadh.”

Ach do ghaibh, chuaigh sé ar an aonach, nár dhein, agus níor cheannaigh sé aon ní an lá san. Á, d’imigh sé fé dhéin tig an fheirmeora go mbeadh sé ar an bpósadh an oíche sin. Á, agus nuair a bhí sé ag déanamh ar an dtig, bhí donndhoircheacht ann. Thairrig sé chuige a chuid airgid go mbeadh bailiú ag an sagart á dhéanamh ar an bpósadh. Agus thairrig sé amach bille puint le tabhairt don tsagart. Agus nuair a tháinig sé isteach go tig an fheirmeora:

“Is ea,” arsa an sagart, “nár mhór an trua ná rabhais anso tá tamall ó shin, tá an bailiú déanta.”

“Á, níorbh fhearr an uair sin é,” arsa an *jobbéir*, “ná anois. Déanfaidh sé an bailiú aon uair.”

Á, chuir sé a lámh ina phóca, agus shín sé chuige an bille. Bhí bille chúig bpunt ann. Níorbh mhaith leis a lámh a chrapadh ansan. Scaoil sé léithi é.

“Á,” arsa an sagart, “tá so ana-mhór, rómhór.”

¹ Tá leagan den scéal seo tras-scríofa ag Seosamh Ó Dálaigh in §244 | CBÉ, 967: 22-24 agus ‘An feirmeoir a dhíol a bhean an oíche a phós sé’ mar theideal air.

“Á, níl,” arsa é sin.

“Thá,” arsa an buachaill a bhí pósta, ag magadh fén *jobbéir*, “chuir an, *jobbéir* mór láidir é seo,” arsa é sin, “i dtaobh go bhféadfadh sé an bhean a cheannach uamsa anois.”

“B’fhéi’ go bhféadfainn,” arsa é sin, “cad atá uait uirthi?”

“An oiread seo,” arsa an buachaill.

Chuir sé a lámh ina phóca, agus do shín sé chuige é.

“Ana-mhaith.” arsa an sagart. “Bí sásta led mhargadh,” arsa é sin leis an, an mbuachaill, “níorbh fhuiriste dhomhsa tú a cheangal ná tú a scaoileadh aríst. Tá sí díoltha agat. An bhfuileann tú sásta leis seo?” arsa é sin le iníon an fheirmeora.

B’fhearr lé hiníon an fheirmeora é ná an té a bhí ceannaithe aige.

“Tagáidh anso ar bhur nglúine chugham,” arsa an tsagart.

Do phós sé iad.

“Cuirse an doras díot anois,” arsa é sin léithi, “an té a bhí ceannaithe roimis sin di.”

Ní maith é an magadh. Ba mhór iad na cúig phunt.

N’fheadar raibh sé róghearra?

XII. *Cailín Caitliocaí a phós Sasanach*¹

[?].7.48

CBÉ, M0104: 0.00 - 4.33

Do bhí Sasanach fadó ann. Agus Sasanach dubh, dubh go maith ab ea é, é féin is a bhean. Do bhí aon mhac amháin acu, agus do thit sé i ngrá le cailín Caitliocaí. Níor theastaigh óna athair agus óna mháthair go bpósfadh sé í sin. Ach do phós sé í, dá n-ainneoin. Bhíodar ag déanamh go maith i dteannta a chéile, ach ní raibh aon leagadh ag an seana-lánú leis an mbean óg. Do bhí beirt leanbh acu i ndeabhaidh a chéile, agus do bhí an cailín ag dul go dtí an tAifreann maidean. Á, nuair a bhí sí leath an bhóthair, do tháinig teachtaire suas léi. Dúirt léi go raibh ceann dos na leanaí ag fáil bháis.

“Má tá,” arsa í sin, “is é Dia atá á bhreith uaim mar is é a thug dom iad.”

D’imigh sí di féin go dtí an aifreann, agus saran raibh sí ag an sáipéal, do tháinig teachtaire eile suas léi, go raibh an tarna ceann ag fáil bháis.

“Á, is ea,” arsa í sin, “is é Dia a thug dom é, agus bronnfaidh mé aríst é más [...]”

Do chuaigh sí go dtí an tAifreann, agus do thug sí aire dhon aifreann, agus nuair a tháinig sí abhaile, ní labharfadh éinne léi, ní labharfadh an fear fhéin léi. Do chuaigh sí ‘on tseomra. Do bhí an bheirt leanbh caillthe. Do shocraigh sí insa leabaidh an bheirt leanbh, agus do chuaigh sí ar a glúine ag paidreoireacht. Ach, ní fada a bhí sí ag paidreoireacht nuair a labhair an guth os a cionn, agus dúirt an guth léi:

“Cuir braon ar na leanaí.”

“Ní haon chabhair dom é,” arsa í sin, d’fhreagair sí an guth, “ach táid siad caillte.”

“Á, nílid,” arsa an guth, “ina gcodladh atháid siad.”

Do chuir sí braon ar dhuine acu, agus do rug sí leis é. Agus, do dh’, dh’oscail sé a shúile, agus do gháir sé. Dhein sí an rud céanna leis an tarna ceann, agus do dh’oscail sé a shúile, agus do gháir sé. D’éiríodar aniar sa leabaidh, agus bhíodar ag glisiam cainte. Chualaigh muintir an tí iad, agus do ritheadar go dtí an doras. Bhí uafás orthu. An bheirt a bhí caillthe. Is ea, ina mbeathaidh, aríst. Fuair

¹ ‘An buachaill Sasanach’ is teideal don taifeadadh fuaime seo sa chatalóg, ach cloítear san eagrán seo le ‘Cailín Caitliocaí a phós Sasanach’, an teideal a bhaist Seán Ó Dubhda a thras-scriobh sé in CBÉ, 621: 47-52.

sí an t-uisce coiscreacan, agus chuaigh sí á chrothadh timpeall.

“Ná tógfá braon do so,” arsa í sin lena máthair a céile.

“Á, b’fhearr liom an diabhal a dh’fheiscint,” arsa í sin.

“B’fhéidir,” arsa í sin, “go gcífeá é sin leis, ach aimsir a thógaint.”

[Dhein]¹ sí dinnéar ansin, agus do dh’itheadar an dinnéar. Bhí an scéal go hana-mhaith go gcuaigh an tseana-bhean ag cóiriú leapa, agus is amhla a bhí fear na gcrúb sa leabaidh roimpi. Do scread sí, do tháinig sí ’on chistin, agus d’iarr sí ar an mbean óg, an bhféadfadh sí a chur as.

“Ní fhéadfainn é,” arsa an bhean óg, “ná éinne eile, ach an sagart.”

Níorbh lag leis an Sasanach mná fios a chuir ar an sagart. Chuir sí fios ar an ministir. Tháinig an ministir, agus do chrom an ministir a bheith ag léamh. Fhé mar a bhí an ministir ag léamh, sin é an uair a bhí an tsranntarnach ag teacht as an mbuachaill críonna sa leabaidh. Faoi mar a [thiocfadh an] leanbh, bheifeá ag déanamh seoithileo. Bhí gach aon srann is gach aon bhraim aige².

“Ha!” arsa an ministir, “caithfir é a thabhairt suas.”

Cuireadh fios ar an sagart ansan. Tháinig an sagart. Agus iarradh air é a chur as an leabaidh.

“Dhera,” arsa an sagart, “ní fhéadfadsa é sin a chur amach as an leabaidh, go raghaidh gach aon duine dá bhfuil sa tig ar a nglúine anso,” arsa é sin, “agus go ndéanfaidh mé iad a bhaisteadh. B’fhéidir,” arsa é sin, “go gcuirfinn as ansin é.”

Bhí sé ansan gur thoilíodar leis, d’fhonn is go bhfeicfeadh sé aistrithe é. Do chuadar. Agus do bhaist sé iad, agus do chuaigh sé ansan ag léamh ar an [mbuachaill críonna]³, ach ní fada a bhí sé ag léamh nuair a dh’imigh sé ina splanc amach tríd an dtig. Do thánaíodar amach ansan, mhaireadar go síoch grách, i dteannta a chéile, an chuid eile dhá saol. Níor chuadar ag bruíon le ministir. B’shin é deireadh an tsoiscéil.

Chualaís cheana é sin.

Ní chuala.

¹ “Ní dhéin” a chloistear sa taifeadadh mar bhotún.

² Gáire ag an gCrimhthanach agus é seo á rá aige.

³ “Máthair chríonna” a chloistear. Dearmad ab ea é seo ón gCrimhthanach.

XIII. *Meáig is an Muga Óir*¹

[?].7.48

CBÉ, M0104: 4.45–8.20

Bhí feirmeoir fadó ann. Do bhí iníon aige. Meáig ab ainm di. Pé fear a gheobhadh le pósadh í, bhí muga óir aige lé tabhairt do, is é an ainm a bhí uirthi ná Meaig is an Muga Óir. Á, bhí triúr driotháir ag teacht go dtí an tig, agus gach éinne acu ag brath ar í a dh’fháilt. Ach, do labhair an feirmeoir le duine acu lá.

“Bhuel,” arsa é sin, “tá tuama insa roilig, agus tá eagla orm go dtiocfaidh bithiúnaigh timpeall air, mar, aon duine a dh’éilfeadh é sin dom óir go raibh bithiúniagh chun teacht timpeall air, do gheobhadh sé Meáig is an muga óir uaim.”

Dúirt sé an scéal céanna leis an mbeirt eile. Á, d’imigh duine acu, agus maide aige, agus bhí sé ag déanamh gnó [ag an uaigh]. Tháinig duine eile, is ea, ag déanamh ar an roilig, thairrig sé le buille ’o mhaide air. Thairrig an fear eile buille ’o mhaide air sin. Bhíodar féin ag gabháilt go dtína chéile. Fuil mhairt acu á bhaint as a chéile. Tháinig an tríú fear. D’aithin sé an bheirt driothár.

“Cad é an diabhal a thug ansin sibh?” arsa é sin.

Sin é an uair a dh’aithníodar cad a bhí... sé... cad a bhí déanta. Beirt acu marbh agena chéile. Thánadar abhaile.

“Is ea,” arsa an fear óg, “sin é an duine deireanach a tháinig. Thiar age deireadh [is ea] tiocfadsa suas leis.”

D’imíodar abhaile, agus brúite tinn agena chéile. Ach, níorbh fhada gur d’imigh an fear óg, agus do chuaigh sé go dtí buachaill a bhí ag an sagart.

“Bheinn ana-bhaoch díot,” arsa é sin, “dá bhféadfá seanchulaith leis an sagart a dh’fháilt dom, agus thabharfainn chughat aríst í.”

Bhíodar ana-mhór le chéile.

¹ Tá leagan den eachtra seo tras-scríofa in §256 | CBÉ, 967: 506-509 ag Seosamh Ó Dálaigh a thugann ‘Meáig is an Muga Óir’ air, teideal a gcloítear anseo leis seachas ‘Meaig Meáigí Óir’ mar a thugtar ar an gcomhad fuaime sa chatalóg.

“Ná bíodh eagla ort,” arsa é sin.

Is ea, do fuair sé an chulaith, agus do bhíodh súil age, age daoine an uair sin go ngeobhadh duine naofa chúthu sara gcaillfí iad. Ach, do tháinig, agus an chulaith air, agus do labhair sé age doras an fheirmeora. Agus dúirt sé gur naomh é fhéin a bhí tagaithe, ag triall orthu. Bhíodar go lántsásta.

“Is ea,” arsa é sin, “á, tháinís ar an saol gan aon ribe gruaige, caithfimid tú an saol a dh’fhágaint gan aon ribe gruaige.”

Do fuair sé uisce agus gallúnach. Agus rásúr. Do bhearraigh sé an seandúine le rásúr. Agus le siosúr! Agus do dhein sé an rud céanna le, lena mhnaoi. D’fhiarthaigh sé cá raibh an iníon. Dúorthas leis go raibh sí sa tseomra. Do chuaigh sé ’on tseomra, agus má chuaigh, do dhein sé faoistine ghlan sa tseomra. Agus do tháinig a iníon. Agus dá, ba, á, bhí oíche mhaith acu, ach níorbh fhada go raibh a mhalairt sin do scéal acu. Níor cailleadh iad. Agus i gcionn seachtaine do bhuail an feirmeoir leis, agus do dhein sé féna dhéin. Thóg sé in airde a hata.

“Cad a dh’imigh ort?” arsa é sin.

Ní fhéad sé focal a labhairt, ach “níorbh fhada dhom,” agus chaith sé Meáig is an Muga Óir a fháilt. An gcualaís cheana é sin?

Níor chuala.

XIV. Droichead Ráth Caola¹

[?].7.48

CBÉ, M0104: 8.29 – 13.01

Do bhí feirmeoir insa Bhaile Riabhach ina chónaí fadó, agus do bhí, bhí sé go hana-mhaith as, ach do chuaigh sé chun dealúis. Bhí sé ag titim síos nó go dtí ná raibh éinní aige sa deireadh. Do bhí sé sa leabaidh oíche, agus do taibhríodh do, á mbeadh sé ar D[h]roichead Ráth Caola, go bhfaigheadh sé a sheans ann. Á, níor dhein sé aon nath dho, agus istoíche lá arna mhárach, taibhríodh an rud céanna dho – dá mbeadh sé ar Dhroichead Ráth Caola, go bhfaigheadh sé a sheans ann. Níor chuir sé aon nath ann, ach an tríú oíche, taibhríodh do é, agus, d'éirigh sé ar maidin, agus do chuir sé chun bóthair. Ní raibh puinn airgid ag an bhfear bocht. Bhí sé ag siúl roimis, agus chuaigh sé go Ráth Caola. Bhí sé ag cur tuairisc na háite ansoin, agus fuair sé tuairisc cá raibh an droichead. Do chuaigh sé ar an droichead, agus bhí sé sall is anall ar an ndroichead, is gan aon ní ag bualadh leis. Do ghaibh mairtíneach chuige, maidí croise aige. Do thug sé síntiús beag do. Do ghaibh an mairtíneach baochas leis. Thug sé lóistín dona leithéid sin don oíche sin, agus ar maidin lá arna mhárach, do bhí sé ar an ndroichead aríst, agus é sall is anall ar an ndroichead. Do ghaibh an mairtíneach déanach chuige, agus do thug sé síntiús beag do. Do ghaibh an mairtíneach baochas leis. Do thóg sé lóistín an oíche sin aríst. Agus, do bhí sé maidean lá arna mhárach go moch ar an ndroichead aríst, sall is anall, gur... do ghaibh an mairtíneach chuige.

“By Gor”, arsa é leis an mairtíneach, “níl aon ní inniubh agam duit. Thá... lá tugtha anso anois agam, agus níl aon ní agam chun díol as mo lóistín anocht.”

“An mbeadh aon leisce ort,” arsa an mairtíneach, “dul in aonacht liomsa?”

“Ní bheadh aon leisce orm dul in aon áit d'fhonn is ná beinn amuigh” arsa é sin.

D’ardaigh an mairtíneach leis é, agus, nuair a thug sé isteach ina thigh fhéin é, níorbh fhada ón ndroichead a bhí an mairtíneach ina chónaí. Bhí a bhean istigh. Bhí tine dheas roimis. Agus tigh deas glan. Bhí cistin [bagúin] aige. Ar a shon é a bheith ag bailiú. Fuair sé a dhóthain le n-ithe agus

¹ Deir an nóta a ghabhann leis an mír seo sa chartlann nach leagan iomlán é seo.

le n-ól. Agus do fuair sé leabaidh. Bhíodar ag caint is ag comhrá dhóibh fhéin ansan.

“Muise, mara miste dhom dh’a fhiarthaí dhíot,” arsa an mairtíneach, “cad a sheol an bóthar so, tánn tú le trí lá air anois,” a deir sé sin, “nó cá raibh do chúram.”

“Do bhí an tsímplíocht,” arsa fear an Bhaile Riabhaigh, ag eachtrú dho ar an dtaibhreamh a deineadh do, trí oíche i ndiaidh a chéile, agus go raibh sé titithe chun dealúis.

Taibhríodh do trí oíche i ndiaidh a chéile, dá mbeadh sé ar Droichead Ráth Caola, go bhfaigheadh sé a sheans ann.

“Táim le trí lá anois ann” arsa é sin, “agus níl aon ní ag bualadh liom.”

“A Mhuire mháthair”, arsa é sin, “ná tabhair aon tor ar thaibhrithe. Taibhríodh domhsa”, arsa an mairtíneach, “trí oíche i ndiaidh a chéile dul in áit go nglaoid siad an Baile Riabhach air, agus dul isteach i seomra, a bhí ar an dtaobh theas de, agus féachaint amach, an raibh crann ar an dtaobh amuigh don bhfuinneog. Dá dtaighdfinn síos ag bun an chrainn sin go bhfaighfinn mo shaibhreas ann,”.

Bhí mo dhuine ag éisteacht leis, agus é ag tabhairt na comhraithe dho. Ní fheaca an mairtíneach san riamh an Baile Riabhach. Is ea, ní haon néal a thit an oíche sin air, ach ag cuimhneamh ar an mbóthar a chur do. Agus níorbh fhada an mhoill air teacht abhaile. Nuair a fuair sé isteach ’on tseomra, d’fhéach sé amach is chonaic sé an crann. Do fuair sé ramhann, agus chuaigh sé ag obair ag an gcrann, níorbh fhada síos a bhí sé nuair a bhuail leac leis. Do dh’iompaign sé an leac, agus is amhla a bhí corcán óir thíos fén leac.

a chríoch san